I gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéantar leithreasuithe breise a iontráil sna línte faoi Chaibidil 13 02 agus 13 03 agus faoi Airteagal 13 01 01 agus Airteagal 13 01 02 den ráiteas caiteachais i Roinn III.

*Bunús dlí*

Maidir leis an mbunús dlí, féach na barúlacha le haghaidh Chaibidil 13 02 agus Caibidil 13 03 den ráiteas caiteachais i Roinn III 'An Coimisiún' freisin.

6 4 1 1 An tsoghluaisteacht mhíleata — Ioncam sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéantar leithreasuithe breise a iontráil sna línte faoi Chaibidil 13 04 agus Airteagal 13 01 03 den ráiteas caiteachais i Roinn III.

*Bunús dlí*

Maidir leis an mbunús dlí, féach freisin na barúlacha le haghaidh Chaibidil 13 04 den ráiteas caiteachais i Roinn III 'An Coimisiún'.

**CAIBIDIL 6 4 — AN TSLÁNDÁIL AGUS AN CHOSAINT** *(Ar lean.)*

**6 4 9** ***An tSlándáil agus an Chosaint — Ioncam neamhshannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo go gcuirfear san áireamh aon ioncam nach ndéantar foráil maidir leis i gcodanna eile de Chaibidil 6 4 agus nach n-úsáidtear i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais.

**CAIBIDIL 6 5 — AN CHOMHARSANACHT AGUS AN DOMHAN**

**6 5 0** ***Gníomhaíochtaí seachtracha***

6 5 0 0 An Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — an Eoraip Dhomhanda — Ioncam sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 176 336 952,81 |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéantar leithreasuithe breise a iontráil sna línte faoi Chaibidil 14 02 agus Airteagal 14 01 01 den ráiteas caiteachais i Roinn III.

Tá sé beartaithe leis an ítim seo freisin taifead a dhéanamh ar ioncam sannta seachtrach den Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF), rud a fhágann go ndéantar leithreasuithe breise a iontráil sna línte faoi Airteagal 16 01 05 den ráiteas caiteachais i Roinn III «Coimisiún».

*Bunús dlí*

Maidir leis an mbunús dlí, féach freisin na barúlacha le haghaidh Chaibidil 14 02 agus Chaibidil 16 01 den ráiteas caiteachais i Roinn III «An Coimisiún».

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh ón gCoimisiún an 7 Meán Fómhair 2022 maidir le maoiniú birt speisialta le haghaidh cúnamh daonnúil i bhfabhar tíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC), a bheidh le maoiniú ón 10ú agus ón 11ú Cistí Eorpacha Forbraíochta (CEF) tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine (C(2022)6535).

Cinneadh ón gCoimisiún an 9 Meán Fómhair 2022 maidir le maoiniú birt speisialta le haghaidh 2022 i gcomhair fhreagairt an Aontais ar ghéarchéim na slándála bia agus ar an turraing eacnamaíoch i dtíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine (C(2022)6554).

**CAIBIDIL 6 5 — AN CHOMHARSANACHT AGUS AN DOMHAN** *(Ar lean.)*

***6 5 0*** *(Ar lean.)*

6 5 0 1 Cabhair dhaonnúil — Ioncam sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 8 519 822,13 |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéantar leithreasuithe breise a iontráil sna línte faoi Chaibidil 14 03 agus Airteagal 14 01 02 den ráiteas caiteachais i Roinn III.

*Bunús dlí*

Maidir leis an mbunús dlí, féach freisin na barúlacha le haghaidh Chaibidil 14 03 den ráiteas caiteachais i Roinn III 'An Coimisiún'.

6 5 0 2 An Comhbheartas Eachtrach agus Slándála — Ioncam sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 24 530 989,35 |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéantar leithreasuithe breise a iontráil sna línte faoi Chaibidil 14 04 agus Airteagal 14 01 03 den ráiteas caiteachais i Roinn III.

*Bunús dlí*

Maidir leis an mbunús dlí, féach freisin na barúlacha le haghaidh Chaibidil 14 04 den ráiteas caiteachais i Roinn III 'An Coimisiún'.

6 5 0 3 Tíortha agus críocha thar lear — Ioncam sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéantar leithreasuithe breise a iontráil sna línte faoi Chaibidil 14 05 agus Airteagal 14 01 04 den ráiteas caiteachais i Roinn III.

**CAIBIDIL 6 5 — AN CHOMHARSANACHT AGUS AN DOMHAN** *(Ar lean.)*

**6 5 0** *(Ar lean.)*

6 5 0 3 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Maidir leis an mbunús dlí, féach freisin na barúlacha le haghaidh Chaibidil 14 05 den ráiteas caiteachais i Roinn III 'An Coimisiún'.

6 5 0 4 An Ionstraim Eorpach um Chomhar maidir le Sábháilteacht Núicléach

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 696 552,19 |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéantar leithreasuithe breise a iontráil sna línte faoi Chaibidil 14 06 agus Airteagal 14 01 05 den ráiteas caiteachais i Roinn III.

*Bunús dlí*

Maidir leis an mbunús dlí, féach freisin na barúlacha le haghaidh Chaibidil 14 06 den ráiteas caiteachais i Roinn III 'An Coimisiún'.

**6 5 2** ***Cúnamh Réamhaontachais***

6 5 2 0 Cúnamh Réamhaontachais — Ioncam sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 183 445 195,72 |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéantar leithreasuithe breise a iontráil sna línte faoi Chaibidil 15 02 agus Airteagal 15 01 01 den ráiteas caiteachais i Roinn III.

*Bunús dlí*

Maidir leis an mbunús dlí, féach freisin na barúlacha le haghaidh Chaibidil 15 02 den ráiteas caiteachais i Roinn III 'An Coimisiún'.

**CAIBIDIL 6 5 — AN CHOMHARSANACHT AGUS AN DOMHAN** *(Ar lean.)*

**6 5 9** ***An Chomharsanacht agus an Domhan — Ioncam neamhshannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo go gcuirfear san áireamh aon ioncam nach ndéantar foráil maidir leis i gcodanna eile de Chaibidil 6 5 agus nach sanntar i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais.

**CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE**

**6 6 0** ***Ranníocaíochtaí speisialta agus aisíocaíochtaí***

6 6 0 0 Ranníocaíochtaí CSTE — Ioncam sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 641 299 614,33 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an mír seo taifead a dhéanamh ar ranníocaíochtaí ó Bhallstáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa, ar ranníocaíochtaí iad a eascraíonn as rannpháirtíocht airgeadais na mBallstát sin i ngníomhaíochtaí áirithe de chuid an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 82 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus le Prótacal 32 a ghabhann leis an gComhaontú sin.

An ranníocaíocht iomlán atá beartaithe, léirítear í san achoimre a thugtar le haghaidh faisnéis in iarscríbhinn a ghabhann leis an ráiteas caiteachais i Roinn III 'An Coimisiún'.

Cuirtear ranníocaíochtaí ó Bhallstáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar fáil don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 1, Airteagal 2 agus Airteagal 3 de Phrótacal 32 a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

I gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, úsáidfear aon ioncam chun leithreasuithe breise a chur ar fáil chun an caiteachas a bhfuil an t-ioncam sannta dó a mhaoiniú.

*Gníomhartha tagartha*

Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (IO L 1, 3.1.1994, lch. 3).

6 6 0 1 An Ciste don Nuálaíocht — Ioncam sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 2 897 433 240,57 |

**CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***6 6 0*** *(Ar lean.)*

6 6 0 1 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an mír seo taifead a dhéanamh ar ioncam sannta seachtrach an Chiste don Nuálaíocht. Is mar thoradh ar cheantáil na liúntas agus na méideanna nár caitheadh ón gciste NER300 roimhe sin a thagann an t-ioncam sin i gcomhréir le hAirteagal 10 agus le hAirteagal 10a(8) de Threoir 2003/87/CE. Leis an ioncam sannta seachtrach a bheidh ar fáil faoin mír seo, tá sé beartaithe an caiteachas uile a bhaineann leis na cúraimí cur chun feidhme arna ndéanamh ag an gCoimisiún a chumhdach.

Meastar go sealadach, i gcás na bliana airgeadais 2024, go mbeidh EUR 10 550 000 ag teastáil chun an ranníocaíocht le caiteachas fhoireann agus riarachán na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) a mhaoiniú, caiteachas arna thabhú de thoradh ról na Gníomhaireachta i mbainistiú an Chiste don Nuálaíocht arna mhaoiniú ó Mhír 16 01 02 74.

Leis an leithreasú ó Airteagal 16 01 02 cumhdófar na costais riaracháin agus bainistíochta arna dtabhú i ndáil le gníomhaíochtaí cur chun feidhme an Chiste don Nuálaíocht, go háirithe costais le haghaidh daoine seachtracha i gceanncheathrú.

A mhéid a bhaineann leis an gcaiteachas oibríochtúil don bhliain airgeadais 2024 arna mhaoiniú ó Airteagal 16 03 01, tá glaonna ar thograí le haghaidh tionscadal agus tairiscintí iomaíocha ar phréimheanna seasta, conarthaí difríochta nó conarthaí difríochta carbóin de EUR 4 800 000 000 beartaithe le linn na bliana sin.

*Bunús dlí*

Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil liúntais astaíochtaí gáis ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060 (IO L 130, 16.5.2023, lch. 1.)

*Gníomhartha tagartha*

Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010 ón gCoimisiún an 12 Samhain 2010 maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil lamháltas astaíochtaí gáis ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gáis ceaptha teasa laistigh den Aontas (IO L 302, 18.11.2010, lch. 1).

Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hoibriú an Chiste don Nuálaíocht (IO L 140, 28.5.2019, lch. 6).

Cinneadh ón gCoimisiún an 25 Márta 2020 lena dtarmligtear bainistiú ioncaim an Chiste don Nuálaíocht don Bhanc Eorpach Infheistíochta (C(2020)1892).

**CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***6 6 0*** *(Ar lean.)*

6 6 0 2 Ranníocaíochtaí ón Ríocht Aontaithe atá nasctha le hAirteagal 148 den Chomhaontú um Tharraingt Siar

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 620 870 287 | 8 801 547 396 | 10 924 449 523,28 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an mír seo taifead a dhéanamh ar na ranníocaíochtaí glana ón Ríocht Aontaithe a bhíonn ann de thoradh na n-íocaíochtaí arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 148 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

Comhfhreagraíonn na ranníocaíochtaí glana do na difríochtaí idir na méideanna atá le híoc ag an Ríocht Aontaithe leis an Aontas Eorpach agus na méideanna atá le híoc ag an Aontas Eorpach leis an Ríocht Aontaithe.

Cuirfear san áireamh sa mhír seo chomh maith an t-ioncam sannta a eascraíonn as an ranníocaíocht ón Ríocht Aontaithe le buiséad an Aontais.

Is iad an 30 Meitheamh agus an 31 Deireadh Fómhair gach bliain na dátaí tagartha le haghaidh na híocaíochtaí ón Ríocht Aontaithe leis an Aontas nó ón Aontas leis an Ríocht Aontaithe a dhéanfar tar éis an 31 Nollaig 2020. Déanfar íocaíochtaí i gceithre thráthchuid mhíosúla chomhionanna le haghaidh íocaíochtaí a bhfuil an 30 Meitheamh mar dháta tagartha acu agus in ocht dtráthchuid mhíosúla chomhionanna le haghaidh íocaíochtaí a bhfuil an 31 Deireadh Fómhair mar dháta tagartha acu. Déanfar gach íocaíocht faoin lá oibre deireanach de gach mí, ag tosú ar an dáta tagartha nó, i gcás nach lá oibre an dáta tagartha, ar an lá oibre deireanach roimh an dáta tagartha.

*Gníomhartha tagartha*

Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

6 6 0 3 Ranníocaíochtaí ón Ríocht Aontaithe tar éis na hidirthréimhse

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an mír seo taifead a dhéanamh ar na ranníocaíochtaí ón Ríocht Aontaithe a bhaineann le rannpháirtíocht i gcláir agus i ngníomhaíochtaí an Aontais tar éis na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

Áirítear leis sin go háirithe an Comhaontú Trádála agus Comhair leis an Ríocht Aontaithe, lena ndéantar foráil maidir le ranníocaíocht airgeadais ón Ríocht Aontaithe, ranníocaíocht ina mbeidh táille rannpháirtíochta agus ranníocaíocht oibríochtúil.

**CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

**6 6 0** *(Ar lean.)*

6 6 0 3 *(Ar lean.)*

I gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, úsáidfear aon ioncam chun leithreasuithe breise a chur ar fáil chun an caiteachas a bhfuil an t-ioncam sannta dó a mhaoiniú.

*Gníomhartha tagartha*

Dearbhú polaitiúil lena leagtar amach an creat don chaidreamh sa todhchaí idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe (IO C 384 I, 12.11.2019, lch. 178).

An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus go háirithe cuid a cúig de maidir le rannpháirtíocht i gcláir an Aontais, bainistíocht fhónta airgeadais agus an fhoráil airgeadais (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10).

6 6 0 4 Ranníocaíochtaí faoi leachtú ón gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach (CEGC)

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 36 874 795 | 36 874 795 | 37 093 133,67 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an mír seo taifead a dhéanamh ar na ranníocaíochtaí bliantúla faoi leachtú ón gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach (CEGC) le buiséad bliantúil an Aontais le haghaidh na mblianta 2021 go 2025 a leanann as cur i bhfeidhm Airteagal 145 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

De réir an Airteagail sin, , tá an tAontas faoi dhliteanas maidir leis an Ríocht Aontaithe as a sciar de ghlansócmhainní faoi leachtú CEGC an 31 Nollaig 2020 (EUR 184 373 974) agus déanfar an aisíocaíocht ghaolmhar i gcúig thráthchuid bhliantúla chomhionanna (EUR 36 874 795) ó 2021 go 2025.

Dá bhrí sin, is é is aidhm do na ranníocaíochtaí faoi leachtú sin ó CEGC cúiteamh iomlán a dhéanamh maidir le héifeachtaí na laghduithe comhfhreagracha a dtugtar cuntas orthu i ranníocaíochtaí na Ríochta Aontaithe le buiséad bliantúil an Aontais, arna dtaifeadadh faoi mhír 6 6 0 2.

*Gníomhartha tagartha*

Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

**CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***6 6 0*** *(Ar lean.)*

6 6 0 5 Toradh bhuiséad CSTE

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | | |

*Barúlacha*

Mír nua

Tá sé beartaithe leis an mír seo taifead a dhéanamh ar thoradh bhuiséad CSTE.

*Bunús dlí*

Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (IO L 1, 3.1.1994, lch. 3).

***6 6 1 Sásraí dlúthpháirtíochta (ionstraimí speisialta)***

6 6 1 1 An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha— Ioncam sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 1 495 918,28 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an mír seo go gcuirfear san áireamh ioncam sannta a bhíonn ann de thoradh ceartuithe agus aisghabhálacha airgeadais a bhaineann le hidirghabhálacha an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) faoi chuimsiú CAI 2021-2027 reatha agus CAInna roimhe seo.

Úsáidfear na méideanna arna n-iontráil faoin mír seo, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, chun leithreasuithe breise a chur ar fáil d'aon líne bhuiséid faoi CED den ráiteas caiteachais i Roinn III 'An Coimisiún'.

*Bunús dlí*

Maidir leis an mbunús dlí, féach na barúlacha maidir le hAirteagal 16 02 02 agus Airteagal 16 02 99 den ráiteas caiteachais i Roinn III 'An Coimisiún' freisin.

6 6 1 2 Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh — Ioncam sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 12 231 532,56 |

**CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

**6 6 1** *(Ar lean.)*

6 6 1 2 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an mír seo go gcuirfear san áireamh aon ioncam a bhíonn ann de thoradh ceartuithe agus aisghabhálacha airgeadais a bhaineann le hidirghabhálacha an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (CED) faoi chuimsiú CAI 2021-2027 reatha agus CAInna roimhe seo.

Déanfar na méideanna arna n-iontráil faoin mír seo a aisghabháil agus a úsáid i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (IO L 311, 14.11.2002, lch. 3).

*Bunús dlí*

Maidir leis an mbunús dlí, féach na barúlacha le haghaidh Airteagal 16 02 01 den ráiteas caiteachais i Roinn III 'An Coimisiún' freisin.

**6 6 2** ***Gníomhaireachtaí díláraithe — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 99 737 375,91 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ioncam ó ghníomhaireachtaí díláraithe.

I gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéantar leithreasuithe breise a iontráil sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

**6 6 3** ***Treoirthionscadail, gníomhaíochtaí ullmhúcháin, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 2 826 721,42 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ioncam ó threoirthionscadail, gníomhaíochtaí ullmhúcháin, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile.

I gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, d'fhéadfadh sé, de thoradh an ioncaim sin, go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

**CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

**6 6 8** ***Ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 27 538 563,56 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo go gcuirfear san áireamh aon ioncam nach ndéantar foráil maidir leis i gcodanna eile de Theideal 6, arb ioncam é, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, nach mór a mheas gur ioncam sannta é, rud a fhágann go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

**6 6 9** ***Ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile — Ioncam neamhshannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 200 000 000 | 200 000 000 | 2 299 962,78 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo go gcuirfear san áireamh aon ioncam nach ndéantar foráil maidir leis i gcodanna eile de Theideal 6, arb ioncam é nach n-úsáidtear i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais.

**CAIBIDIL 6 7 — TABHAIRT I GCRÍCH ORDUITHE AISGHABHÁLA GAN ÍOC ROIMH 2021**

**6 7 0** ***Tabhairt i gcrích orduithe aisghabhála gan íoc roimh 2021***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 263 300 023,11 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar an ioncam ó na horduithe aisghabhála uile gan íoc roimh 2021 i gcás na n-airteagal agus na míreanna uile de Theideal 6 a áirítear san ainmníocht a bheidh i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2020.

*ROINN I*

**PARLAIMINT NA hEORPA**

## IONCAM

### Ranníocaíocht an Aontais Eorpaigh le maoiniú chaiteachas Pharlaimint na hEorpa le haghaidh na bliana airgeadais 2024

| Ceannteideal | Méid |
|---|---|
| Caiteachas | 2 383 101 312 |
| Acmhainní dílse | – 222 136 973 |
| **Ranníocaíocht atá dlite** | **2 160 964 339** |

PARLAIMINT NA HEORPA

# IONCAM

## TEIDEAL 3

## IONCAM RIARACHÁIN

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN**
**CAIBIDIL 3 1 — IONCAM ATÁ NASCTHA LE RÉADMHAOIN**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 0 | | | | |
| **3 0 0** | ***Cánacha agus tobhaigh*** | | | | |
| 3 0 0 0 | Cáin ar na luachanna saothair | 102 249 958 | 90 087 504 | 87 634 959,18 | 85,71 |
| 3 0 0 1 | Tobhaigh speisialta ar luachanna saothair | 14 934 370 | 13 949 518 | 13 550 973,20 | 90,74 |
| | *Airteagal 3 0 0 — IOMLÁN* | 117 184 328 | 104 037 022 | 101 185 932,38 | 86,35 |
| **3 0 1** | ***Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin*** | | | | |
| 3 0 1 0 | Ranníocaíochtaí na foirne leis an scéim pinsin | 95 401 645 | 80 907 167 | 79 814 575,52 | 83,66 |
| 3 0 1 1 | Cearta pinsin arna n-aistriú nó arna gceannach ag an bhfoireann | 9 500 000 | 8 000 000 | 7 269 168,10 | 76,52 |
| 3 0 1 2 | Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin ag baill foirne ar saoire | 50 000 | 40 000 | 0,— | |
| 3 0 1 4 | Ranníocaíochtaí ó Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 3 0 1 — IOMLÁN* | 104 951 645 | 88 947 167 | 87 083 743,62 | 82,98 |
| | CAIBIDIL 3 0 — IOMLÁN | 222 135 973 | 192 984 189 | 188 269 676,— | 84,75 |
| | CAIBIDIL 3 1 | | | | |
| **3 1 0** | ***Maoin dhochorraithe a dhíol — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 556 948,— | |
| **3 1 1** | ***Maoin eile a dhíol*** | p.m. | p.m. | 65 964,90 | |
| **3 1 2** | ***Maoin dhochorraithe a ligean agus a fholigean ar cíos — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 16 564 282,98 | |
| | CAIBIDIL 3 1 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 17 187 195,88 | |

**CAIBIDIL 3 2 — IONCAM Ó EARRAÍ, SEIRBHÍSÍ AGUS SAOTHAR A SHOLÁTHAR — IONCAM SANNTA**
**CAIBIDIL 3 3 — ATHBHREITHNIÚ RIARACHÁIN**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 2 | | | | |
| ***3 2 0*** | ***Ioncam ó earraí, seirbhísí agus saothar a sholáthar — Ioncam sannta*** | | | | |
| 3 2 0 2 | Ioncam ón soláthar earraí, seirbhísí agus oibre le haghaidh institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 16 098 011,20 | |
| | *Airteagal 3 2 0 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | 16 098 011,20 | |
| ***3 2 1*** | ***Aisíocaíochtaí liúntas misin ag institiúidí nó comhlachtaí eile — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***3 2 2*** | ***Ioncam ó thríú páirtithe a bhaineann le hearraí, seirbhísí nó saothar — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 3 303 345,37 | |
| | CAIBIDIL 3 2 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 19 401 356,57 | |
| | CAIBIDIL 3 3 | | | | |
| ***3 3 0*** | ***Aisíocaíochtaí ar mhéideanna a íocadh go mícheart — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 23 596 461,03 | |
| ***3 3 1*** | ***Ioncam i gcomhair críoch shonrach (ioncam ó fhondúireachtaí, fóirdheontais, bronntanais agus tiomnachtaí) — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***3 3 3*** | ***Íocaíochtaí árachais a fuarthas — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 1 229 808,75 | |
| ***3 3 8*** | ***Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***3 3 9*** | ***Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin*** | 1 000 | 1 000 | 666 921,77 | 66 692,18 |
| | CAIBIDIL 3 3 — IOMLÁN | 1 000 | 1 000 | 25 493 191,55 | 2 549 319,15 |
| | **Teideal 3 — IOMLÁN** | **222 136 973** | **192 985 189** | **250 351 420,—** | **112,70** |

# TEIDEAL 3

# IONCAM RIARACHÁIN

## CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN

### 3 0 0 *Cánacha agus tobhaigh*

3 0 0 0 Cáin ar na luachanna saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 102 249 958 | 90 087 504 | 87 634 959,18 |

*Bunús dlí*

An Prótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 12 de.

Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 260/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos na coinníollacha agus an nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm na cánach chun sochar na gComhphobal Eorpach (IO L 56, 4.3.1968, lch. 8).

3 0 0 1 Tobhaigh speisialta ar luachanna saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 14 934 370 | 13 949 518 | 13 550 973,20 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 66a díobh.

### 3 0 1 *Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin*

3 0 1 0 Ranníocaíochtaí na foirne leis an scéim pinsin

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 95 401 645 | 80 907 167 | 79 814 575,52 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 83(2) díobh.

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN** *(Ar lean.)*

***3 0 1*** *(Ar lean.)*

3 0 1 1 Cearta pinsin arna n-aistriú nó arna gceannach ag an bhfoireann

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 9 500 000 | 8 000 000 | 7 269 168,10 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 4, Airteagal 11(2) agus (3) agus Airteagal 48 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leo.

3 0 1 2 Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin ag baill foirne ar saoire

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 50 000 | 40 000 | 0,— |

3 0 1 4 Ranníocaíochtaí ó Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Bunús dlí*

Rialacha lena rialaítear íocaíocht speansais agus liúntas le Feisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Iarscríbhinn III de.

**CAIBIDIL 3 1 — IONCAM ATÁ NASCTHA LE RÉADMHAOIN**

***3 1 0*** ***Maoin dhochorraithe a dhíol — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 556 948,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ioncam a thagann ó mhaoin dhochorraithe de chuid na hinstitiúide a dhíol.

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna ceannteidil faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

**CAIBIDIL 3 1 — IONCAM ATÁ NASCTHA LE RÉADMHAOIN** *(Ar lean.)*

### *3 1 1 Maoin eile a dhíol*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 65 964,90 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ioncam a thabhaíonn ó dhíol nó ó pháirtmhalartú maoine eile ar leis an institiúid í.

### *3 1 2 Maoin dhochorraithe a ligean agus a fholigean ar cíos — Ioncam sannta*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 16 564 282,98 |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna ceannteidil faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

Leagfar amach in iarscríbhinn a ghabhann leis an mbuiséad seo mionsonraí an chaiteachais agus an ioncaim a thagann as iasachtaí nó cíosanna nó as seirbhísí a sholáthar faoin mír bhuiséid seo.

**CAIBIDIL 3 2 — IONCAM Ó EARRAÍ, SEIRBHÍSÍ AGUS SAOTHAR A SHOLÁTHAR — IONCAM SANNTA**

### *3 2 0 Ioncam ó earraí, seirbhísí agus saothar a sholáthar — Ioncam sannta*

3 2 0 2 Ioncam ón soláthar earraí, seirbhísí agus oibre le haghaidh institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais — Ioncam sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 16 098 011,20 |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna ceannteidil faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

Tá sé beartaithe leis an mír seo taifead a dhéanamh ar an ioncam ó aisíoc caiteachais leasa a tabhaíodh thar ceann institiúid eile.

**CAIBIDIL 3 2 — IONCAM Ó EARRAÍ, SEIRBHÍSÍ AGUS SAOTHAR A SHOLÁTHAR — IONCAM SANNTA** *(Ar lean.)*

**3 2 1** ***Aisíocaíochtaí liúntas misin ag institiúidí nó comhlachtaí eile — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna ceannteidil faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar an ioncam ó aisíoc caiteachais leasa a tabhaíodh thar ceann institiúid eile.

**3 2 2** ***Ioncam ó thríú páirtithe a bhaineann le hearraí, seirbhísí nó saothar — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 3 303 345,37 |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna ceannteidil faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

**CAIBIDIL 3 3 — ATHBHREITHNIÚ RIARACHÁIN**

**3 3 0** ***Aisíocaíochtaí ar mhéideanna a íocadh go mícheart — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 23 596 461,03 |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna ceannteidil faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

**3 3 1** ***Ioncam i gcomhair críoch shonrach (ioncam ó fhondúireachtaí, fóirdheontais, bronntanais agus tiomnachtaí) — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

**CAIBIDIL 3 3 — ATHBHREITHNIÚ RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

**3 3 1** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(2) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna ceannteidil faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

**3 3 3** ***Íocaíochtaí árachais a fuarthas — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 1 229 808,75 |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna ceannteidil faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

Tá sé beartaithe an t-athchistiú a dhéanann cuideachtaí árachais ar thuarastail na n-oifigeach a raibh baint acu le tionóiscí a chur san áireamh san airteagal seo freisin.

**3 3 8** ***Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile a bhaineann le hoibríochtaí riaracháin na hinstitiúide.

I gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna ceannteidil faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

**3 3 9** ***Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 000 | 1 000 | 666 921,77 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin.

Leagfar amach in iarscríbhinn a ghabhann leis an mbuiséad seo mionsonraí an chaiteachais agus an ioncaim a thagann as iasachtaí nó cíosanna nó as seirbhísí a sholáthar faoin airteagal seo.

## TEIDEAL 4

## IONCAM AIRGEADAIS, ÚS MAINNEACHTANA AGUS FÍNEÁLACHA

### CAIBIDIL 4 0 — IONCAM Ó INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS CUNTAIS

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 4 0 | | | | |
| **4 0 0** | ***Ioncam ó infheistíochtaí, iasachtaí arna ndeonú agus cuntais bhainc*** | p.m. | p.m. | 122 352,21 | |
| | CAIBIDIL 4 0 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 122 352,21 | |
| | **Teideal 4 — IOMLÁN** | **p.m.** | **p.m.** | **122 352,21** | |

PARLAIMINT NA HEORPA

# TEIDEAL 4

# IONCAM AIRGEADAIS, ÚS MAINNEACHTANA AGUS FÍNEÁLACHA

## CAIBIDIL 4 0 — IONCAM Ó INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS CUNTAIS

### 4 0 0 *Ioncam ó infheistíochtaí, iasachtaí arna ndeonú agus cuntais bhainc*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 122 352,21 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ioncam ó infheistíochtaí, ó iasachtaí a deonaíodh agus cuntais bhainc agus ús eile ar chuntais na hinstitiúide.

## TEIDEAL 6

## IONCAM, RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE BEARTAIS AN AONTAIS

### CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 6 6 | | | | |
| **6 6 8** | ***Ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 6 6 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Teideal 6 — IOMLÁN** | **p.m.** | **p.m.** | **0,—** | |

PARLAIMINT NA HEORPA

## TEIDEAL 6

## IONCAM, RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE BEARTAIS AN AONTAIS

### CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE

**6 6 8** ***Ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, ar aon ioncam nach bhforáiltear dó i gcodanna eile de Theideal 6 agus a úsáidtear chun leithreasuithe breise a sholáthar chun caiteachas dá sanntar an t-ioncam sin a mhaoiniú.

PARLAIMINT NA HEORPA

## CAITEACHAS

### Achoimre ghinearálta ar leithreasuithe (2024 agus 2023) agus ar an olltoradh (2022)

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| **1** | **DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** | | | |
| 1 0 | COMHALTAÍ NA HINSTITIÚIDE | 258 905 000 | 225 156 646 | 207 212 601,83 |
| 1 2 | OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH | 838 695 299 | 767 640 034 | 750 055 310,19 |
| 1 4 | FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA | 215 760 900 | 203 698 805 | 203 931 535,02 |
| 1 6 | CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID | 26 411 938 | 25 489 962 | 21 327 074,42 |
| | **Teideal 1 — IOMLÁN** | **1 339 773 137** | **1 221 985 447** | **1 182 526 521,46** |
| **2** | **FOIRGNIMH, TROSCÁN, TREALAMH AGUS CAITEACHAS ILGHNÉITHEACH OIBRIÚCHÁIN** | | | |
| 2 0 | FOIRGNIMH AGUS COSTAIS LENA MBAINEANN' | 246 068 000 | 231 909 000 | 269 840 182,36 |
| 2 1 | PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS MAOIN SHOCHORRAITHE | 223 555 649 | 208 949 200 | 191 654 646,30 |
| 2 3 | CAITEACHAS RIARACHÁIN REATHA | 9 119 000 | 7 496 000 | 5 449 838,93 |
| | **Teideal 2 — IOMLÁN** | **478 742 649** | **448 354 200** | **466 944 667,59** |
| **3** | **CAITEACHAS A EASCRAÍONN AS FEIDHMEANNA GINEARÁLTA A RINNE AN INSTITIÚID** | | | |
| 3 0 | CRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA | 30 833 200 | 29 504 900 | 25 579 476,85 |
| 3 2 | SAINEOLAIS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS SCAIPEADH | 160 062 486 | 179 419 600 | 140 803 944,07 |
| | **Teideal 3 — IOMLÁN** | **190 895 686** | **208 924 500** | **166 383 420,92** |
| **4** | **CAITEACHAS A EASCRAÍONN AS FEIDHMEANNA SPEISIALTA A RINNE AN INSTITIÚID** | | | |
| 4 0 | CAITEACHAS A BHAINEANN LE HINSTITIÚIDÍ AGUS COMHLACHTAÍ ÁIRITHE | 141 500 000 | 135 000 000 | 120 249 570,25 |

PARLAIMINT NA HEORPA

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| 4 2 | CAITEACHAS A BHAINEANN LE CÚNAMH PARLAIMINTEACH | 225 169 840 | 228 640 403 | 214 861 044,14 |
| 4 4 | CRUINNITHE AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ NA BHFEISIRÍ REATHA AGUS NA NIAR-FHEISIRÍ | 600 000 | 560 000 | 520 000,— |
| | **Teideal 4 — IOMLÁN** | **367 269 840** | **364 200 403** | **335 630 614,39** |
| **5** | **AN TÚDARÁS UM PÁIRTITHE POLAITIÚLA EORPACHA AGUS UM FHONDÚIREACHTAÍ POLAITIÚLA EORPACHA AGUS AN COISTE DAOINE NEAMHSPLEÁCHA OIRIRCE** | | | |
| 5 0 | CAITEACHAS AN ÚDARÁIS UM PÁIRTITHE POLAITIÚLA EORPACHA AGUS UM FHONDÚIREACHTAÍ POLAITIÚLA EORPACHA AGUS AN CHOISTE DAOINE NEAMHSPLEÁCHA OIRIRCE | 420 000 | 370 000 | 0,— |
| | **Teideal 5 — IOMLÁN** | **420 000** | **370 000** | **0,—** |
| **10** | **CAITEACHAS EILE** | | | |
| 10 0 | LEITHREASUITHE SEALADACHA | p.m. | p.m. | 0,— |
| 10 1 | CÚLCHISTE TEAGMHASACH | 6 000 000 | 3 300 000 | 0,— |
| 10 3 | CÚLCHISTE DON MHÉADÚ | p.m. | p.m. | 0,— |
| 10 4 | CÚLCHISTE DON BHEARTAS FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE | p.m. | p.m. | 0,— |
| 10 5 | LEITHREASÚ SEALADACHA LE HAGHAIDH MAOIN DHOCHORRAITHE | p.m. | p.m. | 0,— |
| 10 6 | CÚLCHISTE LE HAGHAIDH TIONSCADAIL TOSAÍOCHTA ATÁ Á BHFORBAIRT | p.m. | p.m. | 0,— |
| 10 8 | CÚLCHISTE EMAS | p.m. | p.m. | 0,— |
| | **Teideal 10 — IOMLÁN** | **6 000 000** | **3 300 000** | **0,—** |
| | **Comhiomlán** | **2 383 101 312** | **2 247 134 550** | **2 151 485 224,36** |

# TEIDEAL 1

# DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID

## CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 1 0 | | | | |
| ***1 0 0*** | ***Tuarastail agus liúntais*** | | | | |
| 1 0 0 0 | Tuarastail | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 92 793 000 | 84 448 600 | 80 755 488,80 | 87,03 |
| 1 0 0 4 | Gnáthspeansais taistil | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 70 450 000 | 71 698 225 | 62 400 000,— | 88,57 |
| 1 0 0 5 | Speansais taistil eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 4 800 000 | 6 272 189 | 4 200 000,— | 87,50 |
| 1 0 0 6 | Liúntas caiteachais ghinearálta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 48 900 000 | 43 173 570 | 40 436 570,56 | 82,69 |
| 1 0 0 7 | Liúntais i leith dualgais a chomhlíonadh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 225 000 | 200 000 | 195 957,45 | 87,09 |
| | *Airteagal 1 0 0 — IOMLÁN* | 217 168 000 | 205 792 584 | 187 988 016,81 | 86,56 |
| ***1 0 1*** | ***Árachas tionóisce agus breoiteachta agus bearta eile leasa*** | | | | |
| 1 0 1 0 | Árachas tionóisce agus breoiteachta agus muirir slándála sóisialta eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 106 000 | 2 600 000 | 2 649 741,88 | 85,31 |
| 1 0 1 2 | Bearta sonracha chun cabhrú le Feisirí atá faoi mhíchumas | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 000 000 | 1 432 000 | 552 000,— | 55,20 |
| | *Airteagal 1 0 1 — IOMLÁN* | 4 106 000 | 4 032 000 | 3 201 741,88 | 77,98 |
| ***1 0 2*** | ***Liúntais idirthréimhseacha*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 23 562 000 | 1 264 161 | 472 490,82 | 2,01 |

PARLAIMINT NA HEORPA

**CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***1 0 3*** | ***Pinsin*** | | | | |
| 1 0 3 0 | Pinsin scoir (PEAM) | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 11 258 000 | 11 240 000 | 13 147 305,73 | 116,78 |
| 1 0 3 1 | Pinsin easláine (PEAM) | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 210 000 | 203 916 | 189 019,15 | 90,01 |
| 1 0 3 2 | Pinsin easláine (PEAM) | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 951 000 | 1 873 985 | 1 764 027,44 | 90,42 |
| 1 0 3 3 | Scéim roghnach pinsin do na Feisirí | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 1 0 3 — IOMLÁN* | 13 419 000 | 13 317 901 | 15 100 352,32 | 112,53 |
| ***1 0 5*** | ***Cúrsaí teanga agus ríomhaireachta*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 650 000 | 750 000 | 450 000,— | 69,23 |
| | CAIBIDIL 1 0 — IOMLÁN | 258 905 000 | 225 156 646 | 207 212 601,83 | 80,03 |
| | CAIBIDIL 1 2 | | | | |
| ***1 2 0*** | ***Luach saothair agus teidlíochtaí eile*** | | | | |
| 1 2 0 0 | Luach saothair agus liúntais | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 831 335 299 | 761 033 915 | 743 510 693,38 | 89,44 |
| 1 2 0 2 | Tuarastail Ragobair íoctha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 50 000 | 81 484 | 35 000,— | 70 |
| 1 2 0 4 | Teidlíochtaí a bhaineann le dul isteach sa tseirbhís, aistriú agus fágáil na seirbhíse | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 700 000 | 3 250 000 | 3 871 000,— | 104,62 |
| | *Airteagal 1 2 0 — IOMLÁN* | 835 085 299 | 764 365 399 | 747 416 693,38 | 89,50 |

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***1 2 2*** | ***Liúntais ar luathfhoirceannadh seirbhíse*** | | | | |
| 1 2 2 0 | Liúntais don fhoireann a chuaigh ar scor nó a cuireadh ar scor ar mhaithe leis an tseirbhís | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 610 000 | 3 274 635 | 2 638 616,81 | 73,09 |
| 1 2 2 2 | Liúntais don fhoireann ar foirceannadh a seirbhís agus scéim scoir speisialta d'oifigigh agus d'fhoireann shealadach | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 1 2 2 — IOMLÁN* | 3 610 000 | 3 274 635 | 2 638 616,81 | 73,09 |
| | CAIBIDIL 1 2 — IOMLÁN | 838 695 299 | 767 640 034 | 750 055 310,19 | 89,43 |
| | CAIBIDIL 1 4 | | | | |
| ***1 4 0*** | ***Foireann eile agus seirbhísí seachtracha*** | | | | |
| 1 4 0 0 | Foireann eile — Ardrúnaíocht agus grúpaí polaitiúla | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 85 897 900 | 77 515 703 | 75 870 328,94 | 88,33 |
| 1 4 0 1 | Foireann eile — Slándáil | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 49 432 000 | 41 996 425 | 40 153 754,79 | 81,23 |
| 1 4 0 2 | Foireann eile — Tiománaithe san Ardrúnaíocht | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 8 800 000 | 8 073 020 | 7 710 689,84 | 87,62 |
| 1 4 0 4 | Tréimhsí oiliúna, saineolaithe náisiúnta ar iasacht, malartuithe oifigeach agus cuairteanna staidéir | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 13 151 000 | 11 522 284 | 9 488 761,45 | 72,15 |
| 1 4 0 5 | Caiteachas ar ateangaireacht | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 53 480 000 | 54 591 373 | 60 508 000,— | 113,14 |
| 1 4 0 6 | Breathnadóirí | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 1 4 0 — IOMLÁN* | 210 760 900 | 193 698 805 | 193 731 535,02 | 91,92 |

**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***1 4 2*** | ***Seirbhísí seachtracha aistriúcháin*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 5 000 000 | 10 000 000 | 10 200 000,— | 204 |
| | CAIBIDIL 1 4 — IOMLÁN | 215 760 900 | 203 698 805 | 203 931 535,02 | 94,52 |
| | CAIBIDIL 1 6 | | | | |
| ***1 6 1*** | ***Caiteachas a bhaineann le bainistiú foirne*** | | | | |
| 1 6 1 0 | Caiteachas ar earcaíocht | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 235 000 | 186 000 | 118 261,91 | 50,32 |
| 1 6 1 2 | Foghlaim agus forbairt | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 8 427 400 | 8 745 000 | 6 102 960,76 | 72,42 |
| | *Airteagal 1 6 1 — IOMLÁN* | 8 662 400 | 8 931 000 | 6 221 222,67 | 71,82 |
| ***1 6 3*** | ***Bearta chun cúnamh a thabhairt d'fhoireann na hinstitiúide*** | | | | |
| 1 6 3 0 | Leas sóisialta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 006 800 | 901 500 | 679 500,— | 67,49 |
| 1 6 3 1 | Soghluaisteacht | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 890 000 | 1 830 000 | 1 592 879,36 | 84,28 |
| 1 6 3 2 | Teagmháil shóisialta idir baill foirne agus bearta sóisialta eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 280 000 | 270 000 | 265 000,— | 94,64 |
| | *Airteagal 1 6 3 — IOMLÁN* | 3 176 800 | 3 001 500 | 2 537 379,36 | 79,87 |
| ***1 6 5*** | ***Gníomhaíochtaí a bhaineann le gach duine atá ag obair leis an institiúid*** | | | | |
| 1 6 5 0 | Sláinte agus cosc | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 944 000 | 1 985 462 | 2 777 358,44 | 94,34 |
| 1 6 5 2 | Caiteachas ar lónadóireacht | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 900 000 | 1 280 000 | 116 991,95 | 13 |

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **1 6 5** | *(Ar lean.)* | | | | |
| 1 6 5 4 | Saoráidí cúram leanaí | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 9 891 000 | 9 497 000 | 8 934 122,— | 90,33 |
| 1 6 5 5 | Ranníocaíocht Pharlaimint na hEorpa faoi chomhair na Scoileanna Eorpacha creidiúnaithe de Chineál II | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 837 738 | 795 000 | 740 000,— | 88,33 |
| | *Airteagal 1 6 5 — IOMLÁN* | 14 572 738 | 13 557 462 | 12 568 472,39 | 86,25 |
| | CAIBIDIL 1 6 — IOMLÁN | 26 411 938 | 25 489 962 | 21 327 074,42 | 80,75 |
| | **Teideal 1 — IOMLÁN** | **1 339 773 137** | **1 221 985 447** | **1 182 526 521,46** | **88,26** |

PARLAIMINT NA HEORPA

## TEIDEAL 1

## DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID

**CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE**

***1 0 0 Tuarastail agus liúntais***

1 0 0 0 Tuarastail

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 92 793 000 | 84 448 600 | 80 755 488,80 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an tuarastal dá bhforáiltear i Reacht na bhFeisirí.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 5 000.

*Bunús dlí*

Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagail 9 agus 10 de.

Bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagail 1 agus 2 díobh.

1 0 0 4 Gnáthspeansais taistil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 70 450 000 | 71 698 225 | 62 400 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar aisíoc na speansas taistil agus cothaithe a bhaineann leis an taisteal go dtí na háiteanna oibre agus ar ais uathu agus le taisteal dualgais eile.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 25 000.

**CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 0 0*** *(Ar lean.)*

1 0 0 4 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagal 20 de.

Bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagail 10 go 21 agus 24 díobh.

1 0 0 5 Speansais taistil eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 4 800 000 | 6 272 189 | 4 200 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar aisíoc na speansas breise taistil agus na speansas taistil sa Bhallstát inar toghadh an Feisire.

Meastar gurb é EUR 1 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagal 20 de.

Bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagail 22 agus 23 díobh.

1 0 0 6 Liúntas caiteachais ghinearálta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 48 900 000 | 43 173 570 | 40 436 570,56 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdódh an leithreasú seo, i gcomhréir leis na Bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, na speansais a thagann as gníomhaíochtaí parlaiminteacha na bhFeisirí.

Meastar gurb é EUR 170 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

**CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 0 0*** *(Ar lean.)*

1 0 0 6 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagal 20 de.

Bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagail 41 go 44 díobh.

1 0 0 7 Liúntais i leith dualgais a chomhlíonadh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 225 000 | 200 000 | 195 957,45 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na liúntais chothaithe agus ionadaíochta ar ráta comhréidh a bhaineann le dualgais Uachtarán Pharlaimint na hEorpa.

Meastar gurb é EUR 100 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagal 20 de.

Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 17 Meitheamh 2009

***1 0 1*** ***Árachas tionóisce agus breoiteachta agus bearta eile leasa***

1 0 1 0 Árachas tionóisce agus breoiteachta agus muirir slándála sóisialta eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 106 000 | 2 600 000 | 2 649 741,88 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an t-árachas tionóisce agus aisíoc na speansas leighis do na Feisirí agus cailleadh agus goid earraí pearsanta na bhFeisirí.

**CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 0 1*** *(Ar lean.)*

1 0 1 0 *(Ar lean.)*

Anuas air sin, tá sé beartaithe go gcumhdódh sé soláthar an chumhdaigh árachais agus an chúnaimh do na Feisirí más rud é gur gá iad a aisdúichiú le linn dóibh a bheith ar thuras oifigiúil, de dheasca tinneas tromchúiseach, tionóisce nó eachtra gan choinne a chuireann bac orthu leanúint dá dturas. Is é atá i gceist leis an gcúnamh sin ná aisdúichiú an Fheisire a eagrú agus íoc as na costais ghaolmhara.

Meastar gurb é EUR 200 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagail 18 agus 19 de.

Bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, go háirithe Airteagail 3 go 9 agus 25 díobh.

Rialacha comhchoiteanna maidir le hárachas a sholáthar d'oifigigh an Aontais Eorpaigh i gcoinne tionóiscí agus galair cheirde.

Rialacha comhchoiteanna maidir le hárachas breoiteachta d'oifigigh na gComhphobal Eorpach.

Cinneadh ón gCoimisiún lena leagtar síos na forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir le haisíoc speansas leighis.

1 0 1 2 Bearta sonracha chun cabhrú le Feisirí atá faoi mhíchumas

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 000 000 | 1 432 000 | 552 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas áirithe a bhfuil gá leis chun cúnamh a chur ar fáil d'Fheisire atá faoi mhíchumas tromchúiseach.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 5 000.

*Bunús dlí*

Bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagal 26 díobh.

**CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

### *1 0 2 Liúntais idirthréimhseacha*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 23 562 000 | 1 264 161 | 472 490,82 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an liúntas idirthréimhseach tar éis téarma oifige an Fheisire a theacht chun críche.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 5 000.

*Bunús dlí*

Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagal 13 de.

Bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagail 45 go 48 agus 77 díobh.

### *1 0 3 Pinsin*

1 0 3 0 Pinsin scoir (PEAM)

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 11 258 000 | 11 240 000 | 13 147 305,73 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íoc pinsin seanaoise tar éis téarma oifige an Fheisire a theacht chun críche.

Meastar gurb é EUR 150 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagal 75 díobh, agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis na Rialacha lena rialaítear íoc Speansas agus Liúntas le Feisirí Pharlaimint na hEorpa (‘Rialacha PEAM’).

**CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 0 3*** *(Ar lean.)*

1 0 3 1 Pinsin easláine (PEAM)

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 210 000 | 203 916 | 189 019,15 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íoc pinsin le Feisirí a fhágtar ar éagumas le linn a dtéarmaí oifige.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 5 000.

*Bunús dlí*

Bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagal 75 díobh, agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis na Rialacha lena rialaítear íoc Speansas agus Liúntas le Feisirí Pharlaimint na hEorpa ('Rialacha PEAM').

1 0 3 2 Pinsin easláine (PEAM)

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 951 000 | 1 873 985 | 1 764 027,44 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íoc pinsin marthanóra nó pinsin dílleachta i gcás ina bhfaigheann Feisire nó iar-Fheisire bás.

Meastar gurb é EUR 15 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagal 75 díobh, agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha lena rialaítear íoc Speansas agus Liúntas le Feisirí Pharlaimint na hEorpa ('Rialacha PEAM').

**CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 0 3*** *(Ar lean.)*

1 0 3 3 Scéim roghnach pinsin do na Feisirí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ranníocaíocht na hinstitiúide leis an scéim pinsin dheonach bhreise do na Feisirí.

Meastar gurb é EUR 500 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagal 27 de.

Bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagal 76 díobh, agus Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacha lena rialaítear íoc Speansas agus Liúntas le Feisirí Pharlaimint na hEorpa (‘Rialacha PEAM’).

***1 0 5*** ***Cúrsaí teanga agus ríomhaireachta***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 650 000 | 750 000 | 450 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas a bhaineann le cúrsaí teanga agus ríomhaireachta do na Feisirí.

Meastar gurb é EUR 100 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagal 40 díobh.

Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 23 Deireadh Fómhair 2017 maidir le cúrsaí teanga agus ríomhaireachta do na Feisirí.

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH**

***1 2 0 Luach saothair agus teidlíochtaí eile***

1 2 0 0 Luach saothair agus liúntais

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 831 335 299 | 761 033 915 | 743 510 693,38 |

*Barúlacha*

Tá an leithreasú seo beartaithe go gcumhdófar leis an méid seo a leanas go príomha le haghaidh oifigigh agus foireann shealadach a shealbhaíonn post dá bhforáiltear sa phlean bunaíochta:

— tuarastail, liúntais agus íocaíochtaí eile a bhaineann le tuarastail,

— árachas in aghaidh breoiteachta, tionóisce agus galar ceirde, agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta eile,

— liúntais ragoibre ar ráta comhréidh,

— liúntais ilghnéitheacha agus deontais,

— íocaíocht speansas taistil le hoifigigh nó foireann shealadach, a gcéilí agus a gcleithiúnaithe óna n-áit fostaíochta chuig a n-áit tionscnaimh,

— tionchar na n-ualuithe tuarastail is infheidhme maidir le pá agus leis an gcuid de dhíolaíochtaí a aistrítear chuig tír seachas an tír fostaíochta,

— árachas dífhostaíochta don fhoireann shealadach agus íocaíochtaí a dhéanann an institiúid le ligean d'fhoireann shealadach cearta pinsin a fháil nó a choinneáil ina dtír tionscnaimh.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na préimheanna árachais freisin i leith tionóiscí spóirt d'úsáideoirí ionaid spóirt Pharlaimint na hEorpa sa Bhruiséil, i Lucsamburg agus in Strasbourg.

Tá imchlúdach EUR 543 931 san áireamh sa leithreasú seo a bhaineann le foireann an Údaráis um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 450 000.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH** *(Ar lean.)*

***1 2 0*** *(Ar lean.)*

1 2 0 2 Tuarastail Ragobair íoctha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 50 000 | 81 484 | 35 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíocht ragoibre faoi na coinníollacha a leagtar amach sa bhunús dlí.

Meastar gurb é EUR 100 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 56 díobh agus Iarscríbhinn VI a ghabhann leo.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

1 2 0 4 Teidlíochtaí a bhaineann le dul isteach sa tseirbhís, aistriú agus fágáil na seirbhíse

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 700 000 | 3 250 000 | 3 871 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— speansais taistil atá dlite d'oifigigh agus do bhaill foirne shealadacha (lena n-áirítear a dteaghlaigh) ar dhul isteach sa tseirbhís dóibh nó ar fhágáil na seirbhíse dóibh nó ar aistriú go dtí áit fostaíochta eile dóibh,

— liúntais suiteála agus athlonnaithe agus costais aistrithe atá dlite d'oifigigh agus don fhoireann shealadach a bhfuil ceanglas orthu aistriú óna n-áit chónaithe ar dhul isteach sa phost dóibh, ar aistriú chuig áit nua fostaíochta dóibh agus ar fhágáil na hinstitiúide agus athlonnú in áit eile dóibh,

— liúntas cothaithe laethúil d'oifigigh agus don fhoireann shealadach a thugann fianaise go bhfuil iallach orthu aistriú óna n áit chónaithe ar dhul isteach sa phost dóibh nó ar aistriú chuig áit nua fostaíochta dóibh,

— an cúiteamh d'oifigigh ar thréimhse phromhaidh a dhífhostaítear toisc gur léir nach bhfuil a gcuid oibre sách maith,

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH** *(Ar lean.)*

***1 2 0*** *(Ar lean.)*

1 2 0 4 *(Ar lean.)*

— cúiteamh do dhuine den fhoireann shealadach a ndéanann an institiúid a chonradh a fhoirceannadh,

— an difríocht idir na ranníocaíochtaí arna n-íoc ag an bhfoireann ar conradh le scéim pinsin Ballstáit agus na ranníocaíochtaí sin is iníoctha le scéim an Aontais i gcás ina ndéantar conradh a athaicmiú.

Meastar gurb é EUR 100 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

***1 2 2*** ***Liúntais ar luathfhoirceannadh seirbhíse***

1 2 2 0 Liúntais don fhoireann a chuaigh ar scor nó a cuireadh ar scor ar mhaithe leis an tseirbhís

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 610 000 | 3 274 635 | 2 638 616,81 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na liúntais is iníoctha leo seo a leanas:

— oifigigh a ndéantar stádas neamhghníomhach a shannadh dóibh i ndáil le beart chun líon na bpost san institiúid a laghdú,

— oifigigh a chuirtear ar saoire chun na riachtanais eagraíochtúla a chomhlíonadh a bhaineann le scileanna nua a shealbhú laistigh den institiúid,

— oifigigh agus daoine den fhoireann shealadach bainistíochta sna grúpaí polaitiúla a bhfuil post acu sna gráid AD 16 agus AD 15 a chuirtear ar scor chun leas na seirbhíse.

Cumhdaítear leis freisin ranníocaíocht an fhostóra i leith an árachais breoiteachta agus tionchar na n-ualuithe is infheidhme maidir leis na liúntais sin (seachas i gcás tairbhithe d'Airteagal 42c de na Rialacháin Foirne nach bhfuil i dteideal ualú).

Meastar gurb é EUR 100 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

PARLAIMINT NA HEORPA

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH** *(Ar lean.)*

***1 2 2*** *(Ar lean.)*

1 2 2 0 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 41, 42c agus 50 díobh agus Iarscríbhinn IV a ghabhann leo, agus Airteagal 48a de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

1 2 2 2 Liúntais don fhoireann ar foirceannadh a seirbhís agus scéim scoir speisialta d'oifigigh agus d'fhoireann shealadach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— na liúntais is iníoctha faoi na Rialacháin Foirne nó Rialacháin (CE, Euratom, CEGC) Uimh. 2689/95 agus (CE, Euratom) Uimh. 1748/2002 ón gComhairle,

— ranníocaíochtaí an fhostóra i leith an árachais breoiteachta d'fhaighteoirí na liúntas,

— tionchar na n-ualuithe is infheidhme maidir leis na liúntais éagsúla.

Meastar gurb é EUR 100 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 64 agus 72 díobh.

Rialachán (CE, Euratom, CEGC) Uimh. 2689/95 ón gComhairle an 17 Samhain 1995 lena dtugtar bearta speisialta isteach chun seirbhís fhoireann shealadach na gComhphobal Eorpach a fhoirceannadh mar thoradh ar aontachas na hOstaire, na Fionlainne agus na Sualainne (IO L 280, 23.11.1995, lch. 4).

Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1748/2002 ón gComhairle an 30 Meán Fómhair 2002 lena dtugtar bearta speisialta isteach, i gcomhthéacs nuachóiriú na hinstitiúide, chun deireadh a chur le seirbhís Oifigigh na gComhphobal Eorpach a ceapadh chuig post bunaithe i bParlaimint na hEorpa agus le seirbhís na ndaoine den fhoireann shealadach atá ag obair sna Grúpaí Polaitiúla i bParlaimint na hEorpa (IO L 264, 2.10.2002, lch. 9).

## CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA

### *1 4 0 Foireann eile agus seirbhísí seachtracha*

1 4 0 0 Foireann eile — Ardrúnaíocht agus grúpaí polaitiúla

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 85 897 900 | 77 515 703 | 75 870 328,94 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo, den chuid is mó, an caiteachas seo a leanas a chumhdach:

— an luach saothair, lena n-áirítear leithdháiltí agus liúntais, a íoctar le daoine eile den fhoireann, lena n-áirítear an fhoireann ar conradh agus comhairleoirí speisialta (de réir bhrí Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh), ranníocaíochtaí fostóra leis na scéimeanna slándála sóisialta éagsúla, a n-íoctar a bhformhór acu isteach sa scéim de chuid institiúidí an Aontais féin, agus tionchar na n-ualuithe tuarastail is infheidhme maidir le pá na bhfoirne sin,

— fostú fhoireann shealadach ó ghníomhaireachtaí,

Níl sé beartaithe go gcumhdódh an leithreasú seo an caiteachas orthu seo a leanas:

— daoine eile den fhoireann laistigh den Ard-Stiúrthóireacht um Shlándáil agus Sábháilteacht a chomhlíonann dualgais a bhaineann le sábháilteacht daoine agus maoine, slándáil faisnéise agus measúnú riosca,

— daoine eile den fhoireann atá ag obair mar thiománaithe sa Rúnaíocht.

Tá cuid den leithreasú seo le húsáid chun daoine atá faoi mhíchumas a earcú mar dhaoine den fhoireann ar conradh, i gcomhréir le Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 7 agus an 9 Iúil 2008.

Meastar gurb é EUR 4 100 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

Tá imchlúdach EUR 362 040 san áireamh sa leithreasú seo a bhaineann le foireann an Údaráis um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha.

*Bunús dlí*

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (Teidil IV, V agus VI).

Forálacha ginearálta cur chun feidhme lena rialaítear comórtais agus nósanna imeachta roghnúcháin, earcú agus grádú oifigigh agus sheirbhísigh eile Pharlaimint na hEorpa (cinneadh ó Ard-Rúnaí Pharlaimint na hEorpa an 17 Deireadh Fómhair 2014).

**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA** *(Ar lean.)*

***1 4 0*** *(Ar lean.)*

1 4 0 1 Foireann eile — Slándáil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 49 432 000 | 41 996 425 | 40 153 754,79 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdódh an leithreasú seo, go príomha, an caiteachas seo a leanas ar dhaoine eile den fhoireann laistigh den Ard-Stiúrthóireacht um Shlándáil agus Sábháilteacht a chomhlíonann dualgais a bhaineann le sábháilteacht daoine agus maoine, slándáil faisnéise agus measúnú riosca:

Meastar gurb é EUR 500 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (Teideal IV).

Forálacha ginearálta cur chun feidhme lena rialaítear comórtais agus nósanna imeachta roghnúcháin, earcú agus grádú oifigigh agus sheirbhísigh eile Pharlaimint na hEorpa (cinneadh ó Ard-Rúnaí Pharlaimint na hEorpa an 17 Deireadh Fómhair 2014).

1 4 0 2 Foireann eile — Tiománaithe san Ardrúnaíocht

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 8 800 000 | 8 073 020 | 7 710 689,84 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdódh an leithreasú seo, go príomha, an caiteachas seo a leanas ar dhaoine eile den fhoireann atá ag obair mar thiománaithe sa Rúnaíocht nó a dhéanann comhordú ar obair na dtiománaithe sin:

Meastar gurb é EUR 100 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (Teideal IV).

Forálacha ginearálta cur chun feidhme lena rialaítear comórtais agus nósanna imeachta roghnúcháin, earcú agus grádú oifigigh agus sheirbhísigh eile Pharlaimint na hEorpa (cinneadh ó Ard-Rúnaí Pharlaimint na hEorpa an 17 Deireadh Fómhair 2014).

**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA** *(Ar lean.)*

***1 4 0*** *(Ar lean.)*

1 4 0 4 Tréimhsí oiliúna, saineolaithe náisiúnta ar iasacht, malartuithe oifigeach agus cuairteanna staidéir

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 13 151 000 | 11 522 284 | 9 488 761,45 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— na díolaíochtaí d’oiliúnaithe le céim (scoláireachtaí), lena n-áirítear aon liúntais teaghlaigh,

— speansais taistil na n-oiliúnaithe,

— costais bhreise a bhaineann go díreach le lagú oiliúnaí,

— an t-árachas breoiteachta agus tionóisce d’oiliúnaithe,

— costais a bhaineann le seisiúin faisnéise nó oiliúna a reáchtáil d’oiliúnaithe,

— deontas a íoc le Coiste Oiliúnaithe Robert Schuman,

— cumarsáid / gníomhaíochtaí for-rochtana agus maoiniú líonra alumni oiliúna,

— an caiteachas a bhaineann le malartuithe foirne idir Parlaimint na hEorpa agus an státseirbhís sna Ballstáit agus sna tíortha is iarrthóirí nó in eagraíochtaí idirnáisiúnta a shonraítear sna rialacha,

— an caiteachas a bhaineann le saineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht do Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear liúntais agus speansais taistil,

— an t-árachas tionóisce do shaineolaithe náisiúnta ar iasacht,

— na liúntais do chuairteanna staidéir agus deontais staidéir,

— eagrú scéimeanna oiliúna d’ateangairí comhdhála agus aistritheoirí, inter alia i gcomhar le scoileanna ateangaireachta agus ollscoileanna a chuireann oiliúint san aistriúchán ar fáil, mar aon le deontais chun ateangairí agus aistritheoirí a oiliúint agus oiliúint bhreise a chur orthu, ábhair theagaisc a cheannach, agus costais ghaolmhara,

— costais a bhaineann le deiseanna cianfhoghlama a chruthú d’ateangairí comhdhála cúnta, amhail ríomhchúrsaí ar ábhair a bhaineann le réimsí gníomhaíochta parlaiminteacha nó le scileanna gairmiúla nó le hoiliúnóirí a earcú le haghaidh cúrsaí a bhaineann go sonrach le hateangairí comhdhála cúnta.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 5 000.

**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA** *(Ar lean.)*

***1 4 0*** *(Ar lean.)*

1 4 0 4 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 7 Márta 2005 maidir leis na rialacha lena rialaítear ceangal oifigigh Pharlaimint na hEorpa agus fhoireann shealadach na ngrúpaí polaitiúla le húdaráis phoiblí náisiúnta, le comhlachtaí a ndéileáiltear leo mar údaráis phoiblí den sórt sin agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2021 maidir leis na rialacha inmheánacha lena rialaítear sealanna oiliúna in Ard-Rúnaíocht Pharlaimint na hEorpa (Cinneadh ó Ard-Rúnaí Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2021).

Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 22 Samhain 2021 maidir leis na rialacha lena rialaítear saineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht do Pharlaimint na hEorpa.

1 4 0 5 Caiteachas ar ateangaireacht

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 53 480 000 | 54 591 373 | 60 508 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdófar leis an leithreasú seo an caiteachas seo a leanas:

— táillí agus liúntais ghaolmhara, ranníocaíochtaí slándála sóisialta, speansais taistil agus speansais eile a bhaineann le hateangairí comhdhála ar conradh arna n-earcú ag Parlaimint na hEorpa le haghaidh cruinnithe arna n-eagrú ag Parlaimint na hEorpa chun freastal ar a cuid riachtanas féin nó ar riachtanais institiúidí eile nuair nach féidir le hateangairí Pharlaimint na hEorpa (oifigigh agus foireann shealadach) na seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil,

— an caiteachas ar ghníomhaireachtaí comhdhála, teicneoirí, foireann fáiltithe agus riarthóirí a úsáidtear chun freastal ar na cruinnithe thuasluaite nuair nach féidir le hoifigigh, foireann shealadach ná foireann eile de chuid Pharlaimint na hEorpa freastal orthu,

— na speansais a bhaineann le seirbhísí arna soláthar do Pharlaimint na hEorpa ag ateangairí atá fostaithe ag institiúidí réigiúnacha, náisiúnta nó idirnáisiúnta,

— na speansais i dtaca le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ateangaireacht, go háirithe an t-ullmhúchán do chruinnithe agus cúrsaí oiliúna agus roghnú na n-ateangairí,

— na speansais arna n-íoc leis an gCoimisiún as íocaíochtaí a dhéanamh le hateangairí comhdhála,

— na speansais i dtaca le hacmhainn ateangaireachta seachtraí nó scéimeanna infhaighteachta a choinneáil ar siúl agus a fhorbairt.

Meastar gurb é EUR 2 600 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

***1 4 0*** *(Ar lean.)*

1 4 0 5 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

An comhaontú maidir le dálaí oibre agus an córas airgid d'ateangairí comhdhála cúnta (agus na rialacha cur chun feidhme lena n-aghaidh), a bunaíodh an 28 Iúil 1999, a leasaíodh an 13 Deireadh Fómhair 2004 agus a athbhreithníodh an 31 Iúil 2008.

1 4 0 6 Breathnadóirí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íoc na speansas a bhaineann le breathnóirí, i gcomhréir le Riail 13 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa.

Meastar gurb é EUR 100 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

***1 4 2*** ***Seirbhísí seachtracha aistriúcháin***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 5 000 000 | 10 000 000 | 10 200 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an obair aistriúcháin, eagarthóireachta, chlóscríofa, chódaithe agus cúnaimh theicniúil a sheoltar chuig soláthraithe seachtracha.

Meastar gurb é EUR 50 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

PARLAIMINT NA HEORPA

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID**

***1 6 1 Caiteachas a bhaineann le bainistiú foirne***

1 6 1 0 Caiteachas ar earcaíocht

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 235 000 | 186 000 | 118 261,91 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— an caiteachas ar eagrú na gcomórtas dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Chinneadh 2002/621/CE agus speansais taistil agus chothaithe na n-iarratasóirí a dtugtar cuireadh chun agallaimh dóibh,

— na costais a bhaineann le nósanna imeachta a eagrú chun foireann a roghnú.

I gcásanna a bhfuil údar cuí leo de bharr riachtanas oibriúcháin, féadfaidh an institiúid cuid de na leithreasuithe sin a úsáid chun a comórtais agus a nósanna imeachta roghnúcháin féin a eagrú.

Meastar gurb é EUR 100 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 27 go 31 agus 33 díobh agus Iarscríbhinn III a ghabhann leo.

Cinneadh 2002/620/CE ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iniúchóirí, ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, ó Choiste na Réigiún agus ón Ombudsman Eorpach an 25 Iúil 2002 lena mbunaítear Oifig um Roghnú Foirne na gComhphobal Eorpach (IO L 197, 26.7.2002, lch. 53) agus Cinneadh 2002/621/CE ó Ard-Rúnaithe Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, ó Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, ó Ard-Rúnaithe na Cúirte Iniúchóirí, an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta agus Choiste na Réigiún, agus ó Ionadaí an Ombudsman Eorpaigh an 25 Iúil 2002 maidir le heagrú agus oibriú Oifig um Roghnú Foirne na gComhphobal Eorpach (IO L 197, 26.7.2002, lch. 56).

1 6 1 2 Foghlaim agus forbairt

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 8 427 400 | 8 745 000 | 6 102 960,76 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas ar oiliúint chun feabhas a chur ar scileanna na foirne agus ar fheidhmíocht agus éifeachtúlacht na hinstitiúide, e.g. trí chúrsaí teanga le haghaidh na dteangacha oifigiúla oibre.

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

***1 6 1*** *(Ar lean.)*

1 6 1 2 *(Ar lean.)*

Tá sé beartaithe go gcumhdódh sé an caiteachas ar chúrsaí oiliúna eile do na Feisirí freisin.

Meastar gurb é EUR 1 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 24a díobh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

***1 6 3*** ***Bearta chun cúnamh a thabhairt d'fhoireann na hinstitiúide***

1 6 3 0 Leas sóisialta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 006 800 | 901 500 | 679 500,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— mar chuid de bheartas idirinstitiúideach chun cuidiú le daoine atá faoi mhíchumas sna catagóirí seo a leanas:

  — oifigigh agus gníomhairí eile i bhfostaíocht ghníomhach,

  — céilí oifigeach agus gníomhairí eile atá i bhfostaíocht ghníomhach,

  — leanaí cleithiúnacha de réir bhrí na Rialachán Foirne,

  — dílleachtaí a chaill an bheirt tuismitheoirí agus atá ag fáil pinsean dílleachta,

  faoi réir na n-uasteorainneacha buiséadacha agus a luaithe a bheidh aon teidlíochtaí náisiúnta a deonaíodh sa tír chónaithe nó sa tír thionscnaimh ídithe, an aisíocaíocht ar speansais (nach speansais leighis iad) a mheastar a bheith riachtanach, ar de thoradh míchumais é agus a bhfuil fianaise dhoiciméadach ag tacú leis, agus nach gcumhdaítear leis an gComhscéim Árachais Breoiteachta,

— gníomhaíocht arna déanamh maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile i gcásanna an-deacair,

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

***1 6 3*** *(Ar lean.)*

1 6 3 0 *(Ar lean.)*

— maoiniú deontais don Choiste Foirne agus an caiteachas teagmhasach sa tSeirbhís Leasa. Beidh sé mar aidhm leis na ranníocaíochtaí nó na híocaíochtaí i leith speansas a dhéanann an Coiste Foirne ar mhaithe le rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí leasa gníomhaíochtaí a mhaoiniú a bhfuil gné shóisialta, chultúrtha nó teanga ag baint leo, ach ní bheidh aon fhóirdheontais ann do dhaoine aonair den fhoireann ná do theaghlaigh,

— bearta leasa eile ar bhonn institiúideach agus idirinstitiúideach ar mhaithe le hoifigigh, seirbhísigh eile agus an fhoireann atá ar scor,

— an maoiniú a dhéantar ar bhearta sonracha réasúnta cóiríochta nó an caiteachas ar anailísí leighis agus measúnuithe leasa d'oifigigh agus seirbhísigh eile atá faoi mhíchumas le linn nósanna imeachta earcaíochta nó a dteastaíonn bearta cóiríochta uathu mar thoradh ar imeachtaí le linn a ngairmréime, agus d'oiliúnaithe atá faoi mhíchumas le linn nósanna imeachta roghnúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, go háirithe cúnamh pearsanta san áit oibre, lena n-áirítear iompar, nó le linn misean.

Meastar gurb é EUR 70 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 1d, an tríú fomhír d'Airteagal 9(3) agus Airteagal 76 díobh.

1 6 3 1 Soghluaisteacht

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 890 000 | 1 830 000 | 1 592 879,36 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a bhaineann leis an tsoghluaisteacht sna háiteanna éagsúla oibre.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 5 000.

1 6 3 2 Teagmháil shóisialta idir baill foirne agus bearta sóisialta eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 280 000 | 270 000 | 265 000,— |

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

***1 6 3*** *(Ar lean.)*

1 6 3 2 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go spreagfadh an leithreasú seo scéimeanna chun teagmhálacha sóisialta a chur chun cinn idir daoine den fhoireann as tíortha éagsúla agus go dtabharfadh sé tacaíocht airgeadais do na scéimeanna sin, mar shampla fóirdheontais do chlubanna foirne, do chumainn spóirt agus do chumainn cultúrtha, agus go soláthródh sé cuid den chostas a bhaineann le lárionad buan (le haghaidh gníomhaíochtaí cultúrtha agus spóirt, caithimh aimsire eile, bialainne) lena úsáid le linn am saor.

Cumhdaíonn sé an tacaíocht airgeadais do ghníomhaíochtaí sóisialta idirinstitiúideacha freisin.

Meastar gurb é EUR 600 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

***1 6 5*** ***Gníomhaíochtaí a bhaineann le gach duine atá ag obair leis an institiúid***

1 6 5 0 Sláinte agus cosc

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 944 000 | 1 985 462 | 2 777 358,44 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais oibriúcháin na seirbhísí liachta, na Seirbhíse um Shaoire Liachta, an Aonaid um Sheachaint Riosca agus um Dhea-Bhail ag an Obair agus an Aonaid um Chomhionannas, um Chuimsiú agus um Éagsúlacht sa Bhruiséil, i Lucsamburg agus in Strasbourg, lena n-áirítear scrúduithe sláinte, ceannach ábhar agus táirgí cógaisíochta, mar aon leis an gcaiteachas ar scrúduithe dochtúra, go háirithe i gcomhthéacs na míochaine saothair, ar scrúduithe dochtúra réamhearcaíochta, ar scrúduithe tréimhsiúla agus an scagthástáil sláinte i ndáil le poist a bhaineann le cúrsaí slándála, atá ríthábhachtach ó thaobh na sábháilteachta de agus a mbaineann riosca sonrach leo, ar thuarascálacha ó shaineolaithe míochaine agus ar bhearta eirgeanamaíocha, an caiteachas a bhaineann le hoibriú an Choiste Easláine agus a bhaineann le breithnithe agus tuairimí saineolaithe, agus an caiteachas ar sheirbhísí a sholáthraíonn speisialtóirí seachtracha míochaine agus paraimhíochaine a mheasann na hoifigigh mhíochaine a bheith riachtanach.

Cumhdaíonn sé an caiteachas freisin a bhaineann le huirlisí oibre áirithe a cheannach a mheastar a bheith riachtanach ar chúiseanna leighis, mar aon leis an gcaiteachas ar sholáthraithe seirbhísí míochaine nó paraimhíochaine nó ar phearsanra ionaid ar bhonn gearrthéarmach.

Meastar gurb é EUR 100 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 33 agus 59 díobh agus Airteagal 8 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leo.

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

***1 6 5*** *(Ar lean.)*

1 6 5 2 Caiteachas ar lónadóireacht

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 900 000 | 1 280 000 | 116 991,95 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas ar lónadóireacht ag imeachtaí agus cruinnithe oifigiúla ardleibhéil agus bearta sóisialta áirithe atá faofa ag Parlaimint na hEorpa.

Meastar gurb é EUR 100 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

1 6 5 4 Saoráidí cúram leanaí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 9 891 000 | 9 497 000 | 8 934 122,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ranníocaíocht Pharlaimint na hEorpa faoi chomhair an chaiteachais eagrúcháin ar fad agus an chaiteachais ar sheirbhísí le haghaidh na saoráidí cúraim leanaí laistigh den institiúid agus na saoráidí cúraim leanaí lasmuigh den institiúid a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ina dtaobh.

Meastar gurb é EUR 3 300 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

1 6 5 5 Ranníocaíocht Pharlaimint na hEorpa faoi chomhair na Scoileanna Eorpacha creidiúnaithe de Chineál II

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 837 738 | 795 000 | 740 000,— |

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

***1 6 5*** *(Ar lean.)*

1 6 5 5 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Cur chun feidhme Chinneadh C(2013) 4886 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2013 maidir le ranníocaíocht AE arna híoc ar bhonn *pro rata* le scoileanna atá creidiúnaithe ag Bord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha a chur i bhfeidhm de réir líon na leanaí de chuid fhoireann AE atá cláraithe, arna chur in ionad Chinneadh C(2009) 7719 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2009 arna leasú le Cinneadh C(2010) 7993 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2010 (IO C 222, 2.8.2013, lch. 8).

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ranníocaíocht Pharlaimint na hEorpa faoi chomhair na Scoileanna Eorpacha de Chineál II atá creidiúnaithe ag Bord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha nó aisíoc na ranníocaíochta arna híoc ag an gCoimisiún thar ceann Pharlaimint na hEorpa faoi chomhair na Scoileanna Eorpacha de Chineál II atá creidiúnaithe ag Bord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha. Cumhdaíonn sé na costais a bhaineann leis na leanaí de chuid fhoireann Pharlaimint na hEorpa a thagann faoi na Rialacháin Foirne agus atá cláraithe sna scoileanna sin.

Meastar gurb é EUR 100 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

PARLAIMINT NA HEORPA

## TEIDEAL 2

## FOIRGNIMH, TROSCÁN, TREALAMH AGUS CAITEACHAS ILGHNÉITHEACH OIBRIÚCHÁIN

### CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS LENA MBAINEANN'

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 2 0 | | | | |
| **2 0 0** | ***Foirgnimh*** | | | | |
| 2 0 0 0 | Cíos | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 34 357 000 | 19 170 000 | 22 882 286,16 | 66,60 |
| 2 0 0 1 | Íocaíochtaí léasa | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 2 0 0 3 | Seilbh a fháil ar mhaoin dhochorraithe | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 37 900 000,— | |
| 2 0 0 7 | Tógáil foirgneamh agus feistiú áitreamh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 71 970 000 | 70 770 000 | 60 642 807,57 | 84,26 |
| 2 0 0 8 | Socruithe sonracha eile a bhaineann le bainistiú maoine | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 6 781 000 | 6 289 000 | 4 743 242,18 | 69,95 |
| 2 0 0 9 | Tógáil agus feistiú Foirgnimh: IDEA Lab | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 2 0 0 — IOMLÁN* | 113 108 000 | 96 229 000 | 126 168 335,91 | 111,55 |
| **2 0 2** | ***Caiteachas ar fhoirgnimh*** | | | | |
| 2 0 2 2 | Cothabháil, caomhnú, oibriú agus glanadh foirgneamh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 76 010 000 | 73 010 000 | 66 991 708,96 | 88,14 |
| 2 0 2 4 | Tomhaltas fuinnimh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 34 290 000 | 42 150 000 | 56 548 190,09 | 164,91 |
| 2 0 2 6 | Slándáil agus faireachas foirgneamh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 19 300 000 | 17 350 000 | 16 757 246,49 | 86,83 |

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS LENA MBAINEANN'** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS MAOIN SHOCHORRAITHE**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **2 0 2** | *(Ar lean.)* | | | | |
| 2 0 2 8 | Arachas | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 360 000 | 3 170 000 | 3 374 700,91 | 100,44 |
| | *Airteagal 2 0 2 — IOMLÁN* | 132 960 000 | 135 680 000 | 143 671 846,45 | 108,06 |
| | CAIBIDIL 2 0 — IOMLÁN | 246 068 000 | 231 909 000 | 269 840 182,36 | 109,66 |
| | CAIBIDIL 2 1 | | | | |
| **2 1 0** | ***Ríomhaireacht agus teileachumarsáid*** | | | | |
| 2 1 0 0 | Ríomhaireacht agus teileachumarsáid — Oibríochtaí 'gnó mar is gnách' — Oibríochtaí | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 34 403 000 | 30 411 100 | 30 433 409,16 | 88,46 |
| 2 1 0 1 | Ríomhaireacht agus teileachumarsáid — Oibríochtaí 'gnó mar is gnách' — Bonneagar | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 43 428 500 | 39 521 500 | 34 532 444,10 | 79,52 |
| 2 1 0 2 | Ríomhaireacht agus teileachumarsáid — Oibríochtaí 'gnó mar is gnách' — tacaíocht ghinearálta d'úsáideoirí | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 14 423 200 | 11 730 900 | 10 825 271,27 | 75,05 |
| 2 1 0 3 | Ríomhaireacht agus teileachumarsáid — Oibríochtaí gnó mar is gnách — Bainistiú ar fheidhmchláir TFC | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 39 768 541 | 37 190 400 | 28 041 179,35 | 70,51 |
| 2 1 0 4 | Ríomhaireacht agus teileachumarsáid — Infheistíocht i mbonneagar | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 16 416 010 | 24 666 000 | 20 411 584,61 | 124,34 |
| 2 1 0 5 | Ríomhaireacht agus teileachumarsáid — Infheistíocht i dtionscadail | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 34 478 398 | 28 634 300 | 29 908 086,35 | 86,74 |
| | *Airteagal 2 1 0 — IOMLÁN* | 182 917 649 | 172 154 200 | 154 151 974,84 | 84,27 |
| **2 1 2** | ***Troscán*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 7 300 000 | 6 630 000 | 4 829 516,95 | 66,16 |

**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS MAOIN SHOCHORRAITHE** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN REATHA**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **2 1 4** | ***Trealamh agus suiteálacha teicniúla*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 28 045 000 | 24 874 000 | 28 486 045,41 | 101,57 |
| **2 1 6** | ***Iompar do na Feisirí, daoine eile agus earraí*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 5 293 000 | 5 291 000 | 4 187 109,10 | 79,11 |
| | CAIBIDIL 2 1 — IOMLÁN | 223 555 649 | 208 949 200 | 191 654 646,30 | 85,73 |
| | CAIBIDIL 2 3 | | | | |
| **2 3 0** | ***Stáiseanóireacht, soláthairtí oifige agus tomhaltáin ilghnéitheacha*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 058 000 | 879 000 | 836 696,72 | 79,08 |
| **2 3 1** | ***Muirir airgeadais*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 250 000 | 650 000 | 220 000,— | 88 |
| **2 3 2** | ***Costais dhlíthiúla agus damáistí*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 583 500 | 1 375 000 | 680 247,34 | 42,96 |
| **2 3 6** | ***Postas ar chomhfhreagras agus muirir sheachadta*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 378 500 | 300 000 | 142 468,82 | 37,64 |
| **2 3 7** | ***Aistrithe*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 305 000 | 1 520 000 | 1 514 780,28 | 65,72 |
| **2 3 8** | ***Caiteachas riaracháin eile*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 214 000 | 1 672 000 | 1 143 152,20 | 51,63 |
| **2 3 9** | ***Gníomhaíochtaí EMAS agus gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta, lena n-áirítear cur chun cinn, agus scéim fritháirimh carbóin Pharlaimint na hEorpa*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 330 000 | 1 100 000 | 912 493,57 | 68,61 |
| | CAIBIDIL 2 3 — IOMLÁN | 9 119 000 | 7 496 000 | 5 449 838,93 | 59,76 |
| | **Teideal 2 — IOMLÁN** | **478 742 649** | **448 354 200** | **466 944 667,59** | **97,54** |

## TEIDEAL 2

## FOIRGNIMH, TROSCÁN, TREALAMH AGUS CAITEACHAS ILGHNÉITHEACH OIBRIÚCHÁIN

*Barúlacha*

Ós rud é go bhfuil an cumhdach riosca cúlghairthe ag na cuideachtaí árachais, ní mór an riosca a bhaineann le coinbhleachtaí tionsclaíocha agus ionsaithe sceimhlitheoireachta a mhéid a bhaineann le foirgnimh Pharlaimint na hEorpa a chumhdach trí bhuiséad ginearálta an Aontais.

Dá réir sin, cumhdaíonn leithreasuithe an teidil seo na costais uile a bhaineann le damáiste de dheasca coinbhleachtaí tionsclaíocha agus ionsaithe sceimhlitheoireachta.

### CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS LENA MBAINEANN’

### *2 0 0 Foirgnimh*

2 0 0 0 Cíos

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 34 357 000 | 19 170 000 | 22 882 286,16 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an cíos le haghaidh na bhfoirgneamh nó na gcodanna d’fhoirgnimh atá in úsáid ag Parlaimint na hEorpa.

Cumhdaíonn sé an cháin mhaoine freisin. Déantar na cíosanna a ríomh thar 12 mhí ar bhonn na léasanna atá ann cheana nó léasanna atá á n-ullmhú, ina ndéantar foráil maidir le hinnéacsnascadh an chostais maireachtála nó an chostais tógála de ghnáth.

Meastar gurb é EUR 3 000 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

Maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais ó na Ballstáit nó óna gcuid gníomhaireachtaí nó eintiteas poiblí i bhfoirm mhaoiniú nó aisíoc na gcostas agus na muirear gaolmhar a bhaineann le talamh nó foirgnimh a cheannach nó a úsáid nó na gcostas i dtaca le foirgnimh agus saoráidí na hinstitiúide, measfar gur ioncam sannta seachtrach iad de réir bhrí Airteagal 21(2) den Rialachán Airgeadais.

2 0 0 1 Íocaíochtaí léasa

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

PARLAIMINT NA HEORPA

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS LENA MBAINEANN’** *(Ar lean.)*

***2 0 0*** *(Ar lean.)*

2 0 0 1 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na híocaíochtaí bliantúla léasa ar fhoirgnimh nó ar chodanna d’fhoirgnimh a thagann faoi léasanna atá ann cheana nó léasanna atá á n-ullmhú.

Meastar gurb é EUR 50 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

Maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais ó na Ballstáit nó óna gcuid gníomhaireachtaí nó eintiteas poiblí i bhfoirm mhaoiniú nó aisíoc na gcostas agus na muirear gaolmhar a bhaineann le talamh nó foirgnimh a cheannach nó a úsáid nó na gcostas i dtaca le foirgnimh agus saoráidí na hinstitiúide, measfar gur ioncam sannta seachtrach iad de réir bhrí Airteagal 21(2) den Rialachán Airgeadais.

2 0 0 3 Seilbh a fháil ar mhaoin dhochorraithe

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 37 900 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdófar leis an leithreasú seo seilbh a fháil ar mhaoin dhochorraithe. Déileálfar le fóirdheontais talún agus lena seirbhísiú i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

Meastar gurb é EUR 810 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

Maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais ó na Ballstáit nó óna gcuid gníomhaireachtaí nó eintiteas poiblí i bhfoirm mhaoiniú nó aisíoc na gcostas agus na muirear gaolmhar a bhaineann le talamh nó foirgnimh a cheannach nó a úsáid nó na gcostas i dtaca le foirgnimh agus saoráidí na hinstitiúide, measfar gur ioncam sannta seachtrach iad de réir bhrí Airteagal 21(2) den Rialachán Airgeadais.

2 0 0 7 Tógáil foirgneamh agus feistiú áitreamh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 71 970 000 | 70 770 000 | 60 642 807,57 |

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS LENA MBAINEANN'** *(Ar lean.)*

***2 0 0*** *(Ar lean.)*

2 0 0 7 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— costais tógála foirgneamh (oibreacha, táillí sainchomhairleoirí, obair fheistiú tosaigh agus soláthairtí chun foirgnimh a chur i mbun oibríochta agus na costais ghaolmhara uile),

— na costais feistithe agus an caiteachas gaolmhar, agus go háirithe táillí na n-ailtirí nó na n-innealtóirí.

Meastar gurb é EUR 472 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

Maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais ó na Ballstáit nó óna gcuid gníomhaireachtaí nó eintiteas poiblí i bhfoirm mhaoiniú nó aisíoc na gcostas agus na muirear gaolmhar a bhaineann le talamh nó foirgnimh a cheannach nó a úsáid nó na gcostas i dtaca le foirgnimh agus saoráidí na hinstitiúide, measfar gur ioncam sannta seachtrach iad de réir bhrí Airteagal 21(2) den Rialachán Airgeadais.

2 0 0 8 Socruithe sonracha eile a bhaineann le bainistiú maoine

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 6 781 000 | 6 289 000 | 4 743 242,18 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas ar bhainistiú maoine nach ndéantar foráil dó sna hairteagail eile sa Chaibidil seo, i.e.:

— bainistiú agus cóireáil dramhaíola,

— cigireachtaí éigeantacha, seiceálacha cáilíochta, tuairimí saineolaithe, iniúchtaí, faireachán ar chomhlíonadh, etc.,

— leabharlann theicniúil,

— tacaíocht bhainistíochta (deasc chabhrach tógála),

— bainistiú na líníochtaí tógála agus na meán faisnéise,

— caiteachas eile.

Meastar gurb é EUR 268 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS LENA MBAINEANN'** *(Ar lean.)*

***2 0 0*** *(Ar lean.)*

2 0 0 9 Tógáil agus feistiú Foirgnimh: IDEA Lab

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar infheistíochtaí i réitigh tógála nuálacha agus i dtreoirthionscadail:

— Costais tógála foirgneamh (oibreacha, táillí sainchomhairleoirí, feistiú tosaigh agus soláthairtí chun foirgnimh a dhéanamh oiriúnach do riachtanais na Parlaiminte agus na costais ghaolmhara uile)

— costais feistithe agus caiteachais ghaolmhara, táillí na ailtirí agus innealtóirí.

***2 0 2*** ***Caiteachas ar fhoirgnimh***

2 0 2 2 Cothabháil, caomhnú, oibriú agus glanadh foirgneamh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 76 010 000 | 73 010 000 | 66 991 708,96 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na costais, ar bhonn na gconarthaí atá ann faoi láthair, a bhaineann le cothabháil, caomhnú, oibriú agus glanadh na bhfoirgneamh (oifigí, limistéir eile agus suiteálacha) atá ar cíos ag Parlaimint na hEorpa nó ar léi iad.

Sula ndéanfar conarthaí a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, rachaidh an institiúid i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile faoi na téarmaí conarthacha a bheidh faighte ag gach ceann acu (praghsanna, an t-airgeadra a roghnaíodh, innéacsnascadh, fad, clásail eile) agus aird chuí á tabhairt ar Airteagal 164 den Rialachán Airgeadais.

Meastar gurb é EUR 479 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS LENA MBAINEANN'** *(Ar lean.)*

***2 0 2*** *(Ar lean.)*

2 0 2 4 Tomhaltas fuinnimh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 34 290 000 | 42 150 000 | 56 548 190,09 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdódh an leithreasú seo, go háirithe, costais an uisce, an gháis, an leictreachais agus an téimh.

Meastar gurb é EUR 150 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

2 0 2 6 Slándáil agus faireachas foirgneamh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 19 300 000 | 17 350 000 | 16 757 246,49 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdódh an leithreasú seo, go bunúsach, na costais a bhaineann le haire a thabhairt d'fhoirgnimh agus faireachas a dhénamh orthu i ndáil leis na foirgnimh atá in úsáid ag Parlaimint na hEorpa sna trí ghnátháit oibre, na hoifigí eolais atá aici san Aontas, ionaid Europa Experience agus na hoifigí atá aici i dtríú tíortha.

Sula ndéanfar conarthaí a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, rachaidh an institiúid i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile faoi na téarmaí conarthacha a bheidh faighte ag gach ceann acu (praghsanna, an t-airgeadra a roghnaíodh, innéacsnascadh, fad, clásail eile) agus aird chuí á tabhairt ar Airteagal 164 den Rialachán Airgeadais.

Meastar gurb é EUR 100 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

2 0 2 8 Arachas

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 360 000 | 3 170 000 | 3 374 700,91 |

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS LENA MBAINEANN'** *(Ar lean.)*

***2 0 2*** *(Ar lean.)*

2 0 2 8 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdófar leis an leithreasú seo íocaíochtaí i leith préimheanna polasaithe árachais.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 5 000.

**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS MAOIN SHOCHORRAITHE**

*Barúlacha*

Maidir le soláthar poiblí, rachaidh an institiúid i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile maidir leis na téarmaí conarthacha atá faighte ag gach ceann acu.

***2 1 0*** ***Ríomhaireacht agus teileachumarsáid***

2 1 0 0 Ríomhaireacht agus teileachumarsáid — Oibríochtaí 'gnó mar is gnách' — Oibríochtaí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 34 403 000 | 30 411 100 | 30 433 409,16 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a bhaineann le crua-earraí agus bogearraí a cheannach, a fháil ar cíos, a sheirbhísiú agus a chothabháil agus le cúnamh seachtrach ó bhiúrónna seirbhíse agus comhairleoirí TF le haghaidh oibríochtaí 'gnó mar is gnách' chun a chinntiú go mbeidh córais ríomhaireachta agus teileachumarsáide Pharlaimint na hEorpa ag feidhmiú mar is cuí. Baineann an caiteachas sin go príomha le córais sa lárionad ríomhaireachta agus teileachumarsáide, leis an ríomhaireacht ar leibhéal na roinne agus le hoibríochtaí bainistithe gréasáin.

Meastar gurb é EUR 237 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

2 1 0 1 Ríomhaireacht agus teileachumarsáid — Oibríochtaí 'gnó mar is gnách' — Bonneagar

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 43 428 500 | 39 521 500 | 34 532 444,10 |

**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS MAOIN SHOCHORRAITHE** *(Ar lean.)*

***2 1 0*** *(Ar lean.)*

2 1 0 1 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a bhaineann le crua-earraí agus bogearraí a cheannach, a fháil ar cíos, a sheirbhísiú agus a chothabháil agus le cúnamh seachtrach ó bhiúrónna seirbhíse agus comhairleoirí TF le haghaidh oibríochtaí 'gnó mar is gnách' chun bainistiú agus cothabháil a dhéanamh ar bhonneagar chóras ríomhaireachta agus teileachumarsáide Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear seirbhísí néalríomhaireachta. Baineann an caiteachas sin go príomha leis an mbonneagar gréasáin, cáblaí, teileachumarsáide, trealaimh aonair agus córais vótála.

Meastar gurb é EUR 177 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

2 1 0 2 Ríomhaireacht agus teileachumarsáid — Oibríochtaí 'gnó mar is gnách' — tacaíocht ghinearálta d'úsáideoirí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 14 423 200 | 11 730 900 | 10 825 271,27 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a bhaineann le crua-earraí agus bogearraí a cheannach, a fháil ar cíos, a sheirbhísiú agus a chothabháil agus le cúnamh seachtrach ó bhiúrónna seirbhíse agus comhairleoirí TF le haghaidh oibríochtaí gnó mar is gnách chun cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil d'úsáideoirí chórais ríomhaireachta agus teileachumarsáide Pharlaimint na hEorpa. Baineann an caiteachas sin leis na seirbhísí tacaíochta do na Feisirí agus d'úsáideoirí eile agus cumhdaíonn sé go háirithe na feidhmchláir riaracháin agus reachtacha a úsáidtear i réimsí na slándála agus na sábháilteachta mar aon le réimse na cumarsáide.

Meastar gurb é EUR 42 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

2 1 0 3 Ríomhaireacht agus teileachumarsáid — Oibríochtaí gnó mar is gnách — Bainistiú ar fheidhmchláir TFC

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 39 768 541 | 37 190 400 | 28 041 179,35 |

PARLAIMINT NA HEORPA

**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS MAOIN SHOCHORRAITHE** *(Ar lean.)*

***2 1 0*** *(Ar lean.)*

2 1 0 3 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a bhaineann le crua-earraí agus bogearraí a cheannach, a fháil ar cíos, a sheirbhísiú agus a chothabháil agus an obair lena mbaineann, agus le cúnamh seachtrach ó bhiúrónna seirbhíse agus comhairleoirí TF le haghaidh oibríochtaí gnó mar is gnách a bhaineann le bainistiú a dhéanamh ar fheidhmchláir teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) san institiúid. Baineann an caiteachas sin go príomha leis na feidhmchláir do na Feisirí agus na gníomhaíochtaí cumarsáide, slándála agus sábháilteachta mar aon leis na feidhmchláir riaracháin agus reachtacha.

Tá sé beartaithe go gcumhdódh leis freisin caiteachas ar uirlisí TFC arna maoiniú go comhpháirteach i gcomhthéacs an chomhair idirinstitiúidigh.

Meastar gurb é EUR 2 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

2 1 0 4 Ríomhaireacht agus teileachumarsáid — Infheistíocht i mbonneagar

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 16 416 010 | 24 666 000 | 20 411 584,61 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a bhaineann le crua-earraí agus bogearraí a cheannach agus le cúnamh seachtrach ó bhiúrónna seirbhíse agus comhairleoirí TF le haghaidh infheistíochtaí a bhaineann le bonneagar chórais ríomhaireachta agus teileachumarsáide Pharlaimint na hEorpa. Baineann na hinfheistíochtaí go príomha leis na córais sa lárionad ríomhaireachta agus teileachumarsáide, na gréasáin, na cáblaí agus na córais físchomhdhála.

Meastar gurb é EUR 91 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

2 1 0 5 Ríomhaireacht agus teileachumarsáid — Infheistíocht i dtionscadail

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 34 478 398 | 28 634 300 | 29 908 086,35 |

**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS MAOIN SHOCHORRAITHE** *(Ar lean.)*

***2 1 0*** *(Ar lean.)*

2 1 0 5 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a bhaineann le crua-earraí agus bogearraí a cheannach agus le cúnamh seachtrach ó bhiúrónna seirbhíse agus comhairleoirí TF le haghaidh infheistíochtaí a bhaineann le tionscadail TFC nua agus tionscadail TFC atá ar bun i rith an ama. Baineann na hinfheistíochtaí go príomha leis na feidhmchláir do na Feisirí agus na feidhmchláir reachtacha, riaracháin, airgeadais, chumarsáide, shlándála agus shábháilteachta mar aon leis na feidhmchláir le haghaidh rialú TFC. Tá sé beartaithe go gcumhdódh leis freisin caiteachas ar uirlisí TFC arna maoiniú go comhpháirteach i gcomhthéacs an chomhair idirinstitiúidigh.

Meastar gurb é EUR 56 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

***2 1 2*** ***Troscán***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 7 300 000 | 6 630 000 | 4 829 516,95 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ceannach, fruiliú, cothabháil agus deisiú troscáin a chumhdach, lena n-áirítear ceannach troscáin eirgeanamaíochta, athsholáthar troscáin sheanchaite agus bhriste agus meaisíní oifige. Tá sé beartaithe go gcumhdódh sé an caiteachas ilghnéitheach ar bhainistiú stoc troscáin Pharlaimint na hEorpa freisin.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 5 000.

***2 1 4*** ***Trealamh agus suiteálacha teicniúla***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 28 045 000 | 24 874 000 | 28 486 045,41 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas a bhaineann le trealamh agus suiteálacha teicniúla a cheannach, a fháil ar cíos, a chothabháil, a dheisiú agus a bhainistiú, agus go háirithe a mhéid a bhaineann leo siúd a leanas:

— suiteálacha agus trealamh teicniúil ilghnéitheach atá seasta agus soghluaiste a bhaineann le foilsiú, slándáil (lena n-áirítear bogearraí), ceaintíní, foirgnimh, oiliúint foirne agus ionaid spóirt na hinstitiúide, etc.,

**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS MAOIN SHOCHORRAITHE** *(Ar lean.)*

**2 1 4** *(Ar lean.)*

— trealamh atá go háirithe don chlólann, don tseirbhís teileafóin, do cheaintíní, do shiopaí foirne, don tslándáil, do chomhdhálacha agus don earnáil chlosamhairc, etc.,

— trealamh speisialta (trealamh leictreonach, ríomhaireachta agus leictreach) agus seirbhísí seachtracha gaolmhara.

Cumhdaíonn an leithreasú seo freisin na costais phoiblíochta a bhaineann leis na hearraí a bhfuil fardal déanta díobh a athdhíol agus fáil réidh leo agus na costais a bhaineann le cúnamh teicniúil (comhairliúchán) i dtaca le hábhair a bhfuil saineolas seachtrach ag teastáil ina leith.

Cumhdaíonn an leithreasú seo freisin an costas a bhaineann le hiompar an trealaimh a bhfuil gá leis chun seirbhísí comhdhála teicniúla a sholáthar in aon áit ar domhan nuair a iarrann Feisire, toscaireacht, grúpa polaitiúil nó comhlacht rialaithe de chuid Pharlaimint na hEorpa amhlaidh. Cumhdaíonn sé na costais iompair agus na costais riaracháin ghaolmhara uile.

Meastar gurb é EUR 25 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

**2 1 6** ***Iompar do na Feisirí, daoine eile agus earraí***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 5 293 000 | 5 291 000 | 4 187 109,10 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas a bhaineann le feithiclí (flíteanna gluaisteán agus rothar) a cheannach, a fháil ar léas, a chothabháil, a úsáid agus a dheisiú agus le gluaisteáin, tacsaithe, cóistí agus leoraithe, le tiománaithe nó gan iad, a fháil ar cíos, lena n-áirítear an cumhdach árachais is gá agus costais bhainistíochta eile. Nuair a dhéanfar flít gluaisteán a chur in ionad an chinn atá ann cheana nó feithiclí a cheannach, a fháil ar léas nó a fháil ar cíos, tabharfar tús áite do na gluaisteáin is lú is cúis le truailliú comhshaoil, amhail gluaisteáin hibrideacha.

Meastar gurb é EUR 100 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

**CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN REATHA**

*Barúlacha*

Maidir le soláthar poiblí, rachaidh an institiúid i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile maidir leis na téarmaí conarthacha atá faighte ag gach ceann acu.

**CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN REATHA** *(Ar lean.)*

### 2 3 0 *Stáiseanóireacht, soláthairtí oifige agus tomhaltáin ilghnéitheacha*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 058 000 | 879 000 | 836 696,72 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas a bhaineann le páipéar, clúdaigh litreach, soláthairtí oifige agus soláthairtí don chlólann a cheannach agus le ceardlanna atáirgthe doiciméad etc., mar aon leis na costais ghaolmhara bhainistíochta.

Meastar gurb é EUR 28 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

### 2 3 1 *Muirir airgeadais*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 250 000 | 650 000 | 220 000,— |

*Barúlacha*

Tá an leithreasú seo ceaptha muirir bhainc (coimisiúin, agio agus muirir ilghnéitheacha) agus muirir airgeadais eile a chumhdach, lena n-áirítear costais choimhdeacha do mhaoiniú foirgneamh.

Meastar gurb é EUR 100 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

### 2 3 2 *Costais dhlíthiúla agus damáistí*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 583 500 | 1 375 000 | 680 247,34 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— an costas a bhaineann le maoir a fhostú chun ionadaíocht a dhéanamh ar Pharlaimint na hEorpa ar mhaithe le fógra a thabhairt faoina cuid cinntí,

— costais a d'fhéadfadh an Chúirt Bhreithiúnais, an Chúirt Ghinearálta nó na cúirteanna náisiúnta a dhámhachtain i gcoinne Pharlaimint na hEorpa,

**CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN REATHA** *(Ar lean.)*

**2 3 2** *(Ar lean.)*

— an costas a bhaineann le dlíodóirí seachtracha a fhostú chun ionadaíocht a dhéanamh ar Pharlaimint na hEorpa i gcúirteanna an Aontais agus sna cúirteanna náisiúnta, agus an costas a bhaineann le comhairleoirí dlí nó saineolaithe a fhostú chun cabhrú leis an tSeirbhís Dlí,

— aisíoc táillí dlíodóirí i dtaca le himeachtaí araíonachta agus imeachtaí den chineál céanna,

— damáistí agus speansais úis,

— cúiteamh a chinntear trí shocrú cairdiúil de bhun Chaibidil 11 de Theideal III de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta nó de bhun Chaibidil 7 de Theideal IV de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais,

— fíneálacha riaracháin an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 5 000.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

**2 3 6** ***Postas ar chomhfhreagras agus muirir sheachadta***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 378 500 | 300 000 | 142 468,82 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na muirir phostais, phróiseála agus sheachadta a ghearrann seirbhísí náisiúnta poist nó gnólachtaí seachadta príobháideacha.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na seirbhísí láimhseála poist freisin.

Meastar gurb é EUR 12 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

**CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN REATHA** *(Ar lean.)*

### 2 3 7 *Aistrithe*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 305 000 | 1 520 000 | 1 514 780,28 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas a bhaineann le hobair aistrithe agus láimhseála a dhéanann gnólachtaí aistrithe nó foireann shealadach láimhseála atá curtha ar fáil ag gníomhaireachtaí seachtracha.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 5 000.

### 2 3 8 *Caiteachas riaracháin eile*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 214 000 | 1 672 000 | 1 143 152,20 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— árachas nach bhforáiltear go sonrach dó i mír eile,

— ceannach agus cothabháil éidí d'uiséirí, tiománaithe, fáilteoirí, an fhoireann trádstórais, an lucht aistrithe agus an fhoireann san Aonad um Chuairteanna agus Seimineáir, sa Parlamentarium, sna seirbhísí liachta, sna seirbhísí slándála agus cothabhála foirgneamh agus sna seirbhísí teicniúla éagsúla,

— na speansais ilghnéitheacha oibriúcháin agus bhainistíochta, lena n-áirítear na táillí is iníoctha le hOifig an Phámháistir (PMO) as bainistiú a dhéanamh ar na pinsin is iníoctha leis na hIar-Fheisirí faoin Reacht, speansais a bhaineann le himréiteach slándála daoine seachtracha atá ag obair ar áitreabh nó i gcórais Pharlaimint na hEorpa, ceannach earraí nó seirbhísí nach bhforáiltear dóibh go sonrach faoi cheannteideal eile,

— nithe ilghnéitheacha arna gceannach i dtaca le freagracht shóisialta chorparáideach Pharlaimint na hEorpa, Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil san áireamh (EMAS),

— seirbhísí ilghnéitheacha i dtaca le bainistiú airgeadais agus fardail Pharlaimint na hEorpa.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 5 000.

**CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN REATHA** *(Ar lean.)*

**2 3 9** ***Gníomhaíochtaí EMAS agus gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta, lena n-áirítear cur chun cinn, agus scéim fritháirimh carbóin Pharlaimint na hEorpa***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 330 000 | 1 100 000 | 912 493,57 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta i bParlaimint na hEorpa agus gníomaíochtaí na Scéime um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS) a bhfuil sé mar aidhm leo feidhmíocht chomhshaoil Pharlaimint na hEorpa a fheabhsú, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a chur chun cinn, agus scéim fritháirithe carbóin Pharlaimint na hEorpaThis appropriation is intended to cover expenditure related to sustainability activities in the European Parliament and EMAS activities aimed at improving the environmental performance of the European Parliament, including the promotion of these activities, and to the European Parliament’s carbon offsetting scheme.

Meastar gurb é EUR 5 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

## TEIDEAL 3

## CAITEACHAS A EASCRAÍONN AS FEIDHMEANNA GINEARÁLTA A RINNE AN INSTITIÚID

**CAIBIDIL 3 0 — CRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA**
**CAIBIDIL 3 2 — SAINEOLAIS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS SCAIPEADH**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 0 | | | | |
| **3 0 0** | ***Speansais le haghaidh misin foirne agus taisteal dualgais idir na trí áit oibre*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 23 905 000 | 23 430 000 | 20 797 000,— | 87 |
| **3 0 2** | ***Speansais fáiltithe agus ionadaíochta*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 017 200 | 941 900 | 761 597,55 | 74,87 |
| **3 0 4** | ***Caiteachas ilghnéitheach ar chruinnithe*** | | | | |
| 3 0 4 0 | Caiteachas ilghnéitheach ar chruinnithe inmheánacha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 266 000 | 243 000 | 128 797,29 | 48,42 |
| 3 0 4 2 | Cruinnithe, comhthionóil, comhdhálacha agus toscaireachtaí | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 381 000 | 2 840 000 | 1 932 082,01 | 81,15 |
| 3 0 4 9 | Caiteachas ar sheirbhísí na gníomhaireachta taistil | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 264 000 | 2 050 000 | 1 960 000,— | 60,05 |
| | *Airteagal 3 0 4 — IOMLÁN* | 5 911 000 | 5 133 000 | 4 020 879,30 | 68,02 |
| | CAIBIDIL 3 0 — IOMLÁN | 30 833 200 | 29 504 900 | 25 579 476,85 | 82,96 |
| | CAIBIDIL 3 2 | | | | |
| **3 2 0** | ***Saineolas a fháil*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 4 911 000 | 6 701 715 | 5 013 552,71 | 102,09 |
| **3 2 1** | ***Caiteachas ar sheirbhísí taighde pharlaimintigh, lena n-áirítear an leabharlann, an chartlann stairiúil, measúnú na roghanna eolaíocha agus teicneolaíocha (STOA) agus Mol Eorpach na Meán Eolaíochta*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 9 066 000 | 10 010 000 | 8 323 874,57 | 91,81 |

**CAIBIDIL 3 2 — SAINEOLAIS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS SCAIPEADH** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **3 2 2** | ***Caiteachas doiciméadachta*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 258 000 | 3 261 000 | 2 819 197,90 | 86,53 |
| **3 2 3** | ***Tacaíocht don daonlathas agus don fhothú acmhainneachta do pharlaimintí tríú tíortha*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 250 000 | 1 400 000 | 400 614,59 | 32,05 |
| **3 2 4** | ***Táirgeadh agus scaipeadh*** | | | | |
| 3 2 4 0 | Iris Oifigiúil | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 3 2 4 1 | Foilseacháin dhigiteacha agus thraidisiúnta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 5 291 000 | 4 722 000 | 5 535 528,76 | 104,62 |
| 3 2 4 2 | Caiteachas ar fhoilseacháin, faisnéis agus an rannpháirtíocht in imeachtaí poiblí | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 36 120 550 | 55 974 000 | 28 718 111,52 | 79,51 |
| 3 2 4 3 | Ionaid cuairteoirí Pharlaimint na hEorpa | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 29 965 500 | 32 707 385 | 21 019 494,85 | 70,15 |
| 3 2 4 4 | Grúpaí cuairteoirí a eagrú agus fáilte a chur rompu, an clár Euroscola agus cuirí d'éascaitheoirí tuairimíochta ó thríú tíortha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 33 135 636 | 34 663 000 | 33 228 600,— | 100,28 |
| 3 2 4 5 | Siompóisiamaí agus seimineáir a eagrú | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 4 660 500 | 3 960 500 | 2 723 492,06 | 58,44 |
| 3 2 4 8 | Caiteachas ar fhaisnéis chlosamhairc | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 21 585 300 | 15 885 000 | 23 134 800,32 | 107,18 |
| 3 2 4 9 | Malartuithe faisnéise le parlaimintí náisiúnta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 246 000 | 235 000 | 54 527,70 | 22,17 |
| | *Airteagal 3 2 4 — IOMLÁN* | 131 004 486 | 148 146 885 | 114 414 555,21 | 87,34 |

**CAIBIDIL 3 2 — SAINEOLAIS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS SCAIPEADH** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***3 2 5*** | ***Caiteachas a bhaineann le hoifigí idirchaidrimh*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 10 573 000 | 9 900 000 | 9 832 149,09 | 92,99 |
| | CAIBIDIL 3 2 — IOMLÁN | 160 062 486 | 179 419 600 | 140 803 944,07 | 87,97 |
| | **Teideal 3 — IOMLÁN** | **190 895 686** | **208 924 500** | **166 383 420,92** | **87,16** |

PARLAIMINT NA HEORPA

# TEIDEAL 3

# CAITEACHAS A EASCRAÍONN AS FEIDHMEANNA GINEARÁLTA A RINNE AN INSTITIÚID

## CAIBIDIL 3 0 — CRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA

### 3 0 0 *Speansais le haghaidh misin foirne agus taisteal dualgais idir na trí áit oibre*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 23 905 000 | 23 430 000 | 20 797 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas ar an taisteal dualgais a dhéanann foireann na hinstitiúide, saineolaithe náisiúnta ar iasacht, oiliúnaithe agus foireann de chuid institiúidí Eorpacha nó idirnáisiúnta eile a dtugann an institiúid cuireadh dóibh teacht óna n-áit fostaíochta go dtí aon cheann de thrí áit oibre Pharlaimint na hEorpa (an Bhruiséil, Lucsamburg agus Strasbourg) agus ar mhisin chuig aon áit seachas go dtí na trí áit oibre. Is é atá i gceist leis an gcaiteachas ná costais iompair, liúntais laethúla, costais lóistín agus liúntais chúiteacha de bharr uaireanta neamhshóisialta. Cumhdaítear costais choimhdeacha freisin (lena n-áirítear ticéid agus áirithintí óstáin a chur ar ceal, na costais a bhaineann le ríomhshonrascadh agus na costais a bhaineann le hárachas misin).

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar aon chaiteachas ar fhritháireamh carbóin a bhaineann le misin na foirne agus an taisteal dualgais.

Meastar gurb é EUR 200 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus háirithe Airteagal 71 díobh agus Airteagail 11, 12 agus 13 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leo.

### 3 0 2 *Speansais fáiltithe agus ionadaíochta*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 017 200 | 941 900 | 761 597,55 |

**CAIBIDIL 3 0 — CRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA** *(Ar lean.)*

***3 0 2*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— na speansais a bhaineann le hoibleagáidí na hinstitiúide maidir le fáiltiú, lena n-áirítear i ndáil leis an obair a bhaineann le measúnú na roghanna eolaíocha (STOA), gníomhaíochtaí taighde agus réamhbhreathnaitheacha eile agus speansais ionadaíochta Fheisirí na hinstitiúide,

— speansais ionadaíochta an Uachtaráin nuair a bhíonn sé nó sí ag taisteal lasmuigh de na háiteanna oibre,

— tionscadail cheoil

— speansais ionadaíochta oifig an Uachtaráin agus an ranníocaíocht a dhéanann sí i leith na speansas rúnaíochta,

— speansais fáiltithe agus ionadaíochta na Rúnaíochta, lena n-áirítear ceannach earraí agus bonn d’oifigigh a bhfuil seirbhís 15 nó 25 bliana curtha i gcrích acu,

— caiteachas ilghnéitheach prótacail, amhail bratacha, seastáin taispeántais, cártaí cuiridh agus biachláir chlóite,

— speansais taistil agus chothaithe na ndaoine mór le rá a thugann cuairt ar an institiúid,

— na costais víosaí a bhaineann leis an taisteal oifigiúil a dhéanann na Feisirí agus daoine den fhoireann,

— speansais fáiltithe agus ionadaíochta agus speansais shonracha eile na bhFeisirí a chomhlíonann dualgais oifigiúla i bParlaimint na hEorpa.

Meastar gurb é EUR 100 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

***3 0 4*** ***Caiteachas ilghnéitheach ar chruinnithe***

3 0 4 0 Caiteachas ilghnéitheach ar chruinnithe inmheánacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 266 000 | 243 000 | 128 797,29 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na costais a bhaineann leis na deochanna, na sólaistí agus na béilí éadroma ó am go chéile a chuirtear ar fáil ag cruinnithe de chuid Pharlaimint na hEorpa nó cruinnithe idirinstitiúideacha arna n-eagrú ar a háitribh, mar aon leis na costais bhainistíochta a bhaineann leis na seirbhísí sin.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 5 000.

PARLAIMINT NA HEORPA

**CAIBIDIL 3 0 — CRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA** *(Ar lean.)*

***3 0 4*** *(Ar lean.)*

3 0 4 2 Cruinnithe, comhthionóil, comhdhálacha agus toscaireachtaí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 381 000 | 2 840 000 | 1 932 082,01 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdódh an leithreasú seo, inter alia, na speansais nach gcumhdaítear faoi Chaibidil 1 0 agus Airteagal 3 0 0, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

— eagrú na gcruinnithe lasmuigh de na háiteanna oibre (coistí agus toscaireachtaí coiste, grúpaí polaitiúla), lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an caiteachas ionadaíochta,

— eagrú na dtoscaireachtaí idirpharlaiminteacha, na dtoscaireachtaí *ad hoc*, na gcoistí parlaiminteacha comhpháirteacha, na gcoistí um chomhar parlaiminteach, na dtoscaireachtaí parlaiminteacha chuig an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), agus na Comhdhála Parlaimintí ar EDT mar aon lena Coiste Stiúrtha,

— eagrú na dtoscaireachtaí chuig Comhthionól Parlaiminteach ACC-AE, chuig an Tionól Parlaiminteach Eora-Mheiriceá Laidinigh agus chuig Tionól Parlaiminteach Euronest mar aon lena gcomhlachtaí,

— eagrú Thionól Parlaiminteach an Aontais don Réigiún Meánmhuirí (TP-AdRM) mar aon lena choistí agus a Bhiúró; san áireamh sa chaiteachas sin tá ranníocaíocht Pharlaimint na hEorpa le buiséad rúnaíocht fhéinrialaitheach TP-AdRM nó íoc díreach na speansas arb ionann iad agus sciar Pharlaimint na hEorpa de bhuiséad TP-AdRM,

— na táillí cleamhnachta le haghaidh na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil Parlaimint na hEorpa nó ceann dá comhlachtaí ina ball nó ina bhall díobh (an tAontas Idirpharlaiminteach, Cumann na nArd-Rúnaithe Parlaiminte, Grúpa an Dáréag Plus laistigh den Aontas Idirpharlaiminteach),

— an aisíocaíocht leis an gCoimisiún, ar bhonn comhaontú seirbhíse arna thabhairt i gcrích idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún, i leith sciar Pharlaimint na hEorpa den chostas a bhaineann le laissez-passer AE (trealamh, foireann agus soláthairtí) a tháirgeadh, i gcomhréir leis an bPrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh (Airteagal 6), Airteagal 23 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, Airteagail 11 agus 81 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh agus Rialachán (AE) Uimh. 1417/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos foirm an laissez-passer arna eisiúint ag an Aontas Eorpach (IO L 353, 28.12.2013, lch. 26),

— caiteachas a bhaineann le rannpháirtíocht i gcruinnithe Bhord Stiúrtha Chlár InvestEU agus cruinnithe oifigiúla le comhaltaí inniúla choistí parlaiminteacha (lena n-áirítear speansais taistil, cóiríocht agus lónadóireacht) na ndaoine arna gceapadh ag an bParlaimint ar Bhord Stiúrtha Chlár InvestEU.

Meastar gurb é EUR 5 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

**CAIBIDIL 3 0 — CRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA** *(Ar lean.)*

***3 0 4*** *(Ar lean.)*

3 0 4 9 Caiteachas ar sheirbhísí na gníomhaireachta taistil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 264 000 | 2 050 000 | 1 960 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais reatha na gníomhaireachta taistil a bhfuil conradh ag Parlaimint na hEorpa léi.

Meastar gurb é EUR 6 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

**CAIBIDIL 3 2 — SAINEOLAIS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS SCAIPEADH**

***3 2 0*** ***Saineolas a fháil***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 4 911 000 | 6 701 715 | 5 013 552,71 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— an costas a bhaineann le conarthaí le saineolaithe cáilithe agus institiúidí taighde le haghaidh staidéar agus gníomhaíochtaí taighde eile (ceardlanna, cruinnithe comhchéime, painéil nó éisteachtaí saineolaithe, agus comhdhálacha) nó gníomhaíochtaí cúnaimh theicniúil a bhfuil scileanna sonracha ag teastáil ina leith agus a dhéantar do chomhlachtaí rialaithe Pharlaimint na hEorpa, do na coistí parlaiminteacha, do na toscaireachtaí parlaiminteacha agus don lucht riaracháin,

— an costas a bhaineann le foinsí speisialaithe faisnéise, amhail bunachair sonraí speisialaithe, litríocht ghaolmhar nó tacaíocht theicniúil, a fháil nó a fháil ar cíos nuair is gá sin chun cur leis na conarthaí le saineolaithe atá thuasluaite,

— speansais taistil, chothaithe agus theagmhasacha na saineolaithe agus daoine eile, lena n-áirítear achainígh chuig Parlaimint na hEorpa, a dtugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i gcruinnithe coiste, toscaireachta, grúpa staidéir nó meithle agus i gceardlanna,

— costais rannpháirtíochta na n-achainíoch, lena n-áirítear speansais taistil, chothabhála agus theagmhasacha, le linn misin oifigiúla de chuid an Choiste um Achainíocha lasmuigh d'áitreabh na Parlaiminte,

**CAIBIDIL 3 2 — SAINEOLAIS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS SCAIPEADH** *(Ar lean.)*

***3 2 0*** *(Ar lean.)*

— na costais a bhaineann le táirgí an taighde pharlaimintigh inmheánaigh nó sheachtraigh agus táirgí ábhartha eile a scaipeadh, chun leas na hinstitiúide agus an phobail (go háirithe trí fhoilseacháin ar an idirlíon, bunachair sonraí inmheánacha, bróisiúir agus foilseacháin),

— an caiteachas a bhaineann le fios a chur ar dhaoine ó lasmuigh páirt a ghlacadh in obair comhlachtaí amhail an Bord Araíonachta,

— an costas a bhaineann leis na seiceálacha a dhéanann soláthraithe seirbhíse speisialaithe seachtracha ar chruinneas na ndoiciméad a chuireann iarratasóirí ar phost ar fáil.

Meastar gurb é EUR 74 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

***3 2 1*** ***Caiteachas ar sheirbhísí taighde pharlaimintigh, lena n-áirítear an leabharlann, an chartlann stairiúil, measúnú na roghanna eolaíocha agus teicneolaíocha (STOA) agus Mol Eorpach na Meán Eolaíochta***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 9 066 000 | 10 010 000 | 8 323 874,57 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas ar obair na hArd-Stiúrthóireachta um Sheirbhísí Taighde Pharlaimintigh (AS EPRS) agus ar sheirbhísí lárnacha an Ard-Rúnaí, go háirithe an méid seo a leanas:

— saineolas agus tacaíocht speisialaithe a fháil le haghaidh ghníomhaíochtaí taighde Pharlaimint na hEorpa (lena n-áirítear ailt, staidéir, ceardlanna, seimineáir, cruinnithe comhchéime, painéil saineolaithe agus comhdhálacha) a d'fhéadfaí a dhéanamh, más gá, i gcomhpháirtíocht le hinstitiúidí eile, eagraíochtaí idirnáisiúnta, ranna taighde agus leabharlanna de chuid na bparlaimintí náisiúnta, meithleacha machnaimh, comhlachtaí taighde agus saineolaithe cáilithe eile,

— saineolas speisialaithe a fháil i réimsí an mheasúnaithe tionchair agus na meastóireachta *ex ante* agus *ex post*, an bhreisluacha Eorpaigh, agus mheasúnú na roghanna eolaíocha agus teicneolaíocha (STOA),

— leabhair, irisleabhair, nuachtáin, bunachair sonraí, táirgí gníomhaireachtaí preasa agus aon mheán faisnéise eile a fháil nó a fháil ar cíos don leabharlann i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear costais an chóipchirt, an córas dearbhaithe cáilíochta, na hábhair agus an obair a bhaineann le hathcheangal agus caomhnú, agus seirbhísí ábhartha eile,

— an costas a bhaineann le seirbhísí cartlannaithe seachtracha (eagrú, roghnú, cur síos, aistriú chuig meáin éagsúla agus chuig foirm gan pháipéar, foinsí príomhchartlainne a fháil),

— doiciméadacht speisialta leabharlainne agus chartlannaithe a fháil, a fhorbairt, a chomhtháthú, a úsáid agus a chaomhnú mar aon le hábhair speisialta do leabharlann na meán, lena n-áirítear ábhair agus córais leictreacha, leictreonacha agus ríomhairithe, agus ábhair le haghaidh athcheangail agus caomhnú,

**CAIBIDIL 3 2 — SAINEOLAIS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS SCAIPEADH** *(Ar lean.)*

***3 2 1*** *(Ar lean.)*

— na costais a bhaineann le táirgí an taighde pharlaimintigh inmheánaigh nó sheachtraigh agus táirgí ábhartha eile a scaipeadh, chun leas na hinstitiúide agus an phobail (go háirithe trí fhoilseacháin ar an idirlíon, bunachair sonraí inmheánacha, bróisiúir agus foilseacháin),

— costais taistil, chothaithe agus ghaolmhara na saineolaithe agus na n-údar a dtugtar cuireadh dóibh freastal ar chuir i láthair, seimineáir, ceardlanna nó gníomhaíochtaí eile den sórt sin a eagraítear,

— rannpháirtíocht na seirbhísí atá freagrach as Measúnú na Roghanna Eolaíocha agus Teicneolaíocha (STOA) i ngníomhaíochtaí comhlachtaí eolaíochta ar an leibhéal Eorpach agus idirnáisiúnta,

— oibleagáidí Pharlaimint na hEorpa faoi chomhaontuithe comhair idirnáisiúnta agus idirinstitiúideacha, lena n-áirítear ranníocaíocht Pharlaimint na hEorpa leis na costais a bhaineann le cartlann stairiúil an Aontais a bhainistiú i gcomhréir le Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83 ón gComhairle,

— na costais a bhaineann le Mol Eorpach na Meán Eolaíochta, a ndéanann an Painéal um Thodhchaí na hEolaíochta agus na Teicneolaíochta (STOA) i bParlaimint na hEorpa maoirseacht ar a chuid oibríochtaí, ó thaobh feabhas a chur ar an gcomhéadan idir Parlaimint na hEorpa, an pobal eolaíochta agus na meáin, chun an líonrú, an oiliúint agus scaipeadh eolais a chur chun cinn go sonrach. Tá an méid seo a leanas, mar shampla, san áireamh ann:

  — gníomhaíochtaí a eagrú agus na speansais (lena n-áirítear speansais taistil, lóistín agus lónadóireachta) a bhaineann le cuirí d’iriseoirí, do gheallsealbhóirí agus do shaineolaithe eile chun na gníomhaíochtaí lena mbaineann a chumhdach,

  — líonraí ag an gcomhéadan idir Parlaimint na hEorpa, an pobal eolaíochta agus na meáin a chur ar bun agus a choinneáil,

  — seimineáir, comhdhálacha agus cúrsaí oiliúna a eagrú maidir le forbairtí agus saincheisteanna eolaíochta agus teicneolaíochta reatha agus maidir le saintréithe agus éifeachtacht na hiriseoireachta eolaíochta,

  — leas a bhaint as saineolas agus anailísí ón saol acadúil, ó na meáin agus ó fhoinsí eile i réimse na heolaíochta agus na teicneolaíochta ar mhaithe le lucht ceaptha beartas agus na saoránaigh,

  — taighde agus ábhar ábhartha eile de chuid Pharlaimint na hEorpa i réimse na heolaíochta agus na teicneolaíochta a chur ar fáil ar bhealach níos forleithne trí mhodhanna scríofa, closamhairc agus eile,

  — teicnící agus modhanna a fhorbairt chun cur leis an gcumas foinsí iontaofa i réimse na heolaíochta agus na teicneolaíochta a shainaithint agus a scaipeadh,

  — tacú le suiteáil, uasghrádú agus úsáid trealaimh theicniúil agus saoráidí úrscothacha sna meáin ar mhaithe leis an idirphlé sin,

  — comhar níos dlúithe agus naisc níos dlúithe i gcoitinne a chothú idir Parlaimint na hEorpa, na meáin, na hollscoileanna agus na hionaid taighde ábhartha sa réimse sin, lena n-áirítear trí ról agus obair Mhol Eorpach na Meán Eolaíochta a chur chun cinn sna meáin mar aon leis an rochtain atá ag na saoránaigh air.

**CAIBIDIL 3 2 — SAINEOLAIS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS SCAIPEADH** *(Ar lean.)*

**3 2 1** *(Ar lean.)*

Féadfar na leithreasuithe faoin mír seo a úsáid freisin chun tacú leis an idirphlé idir Parlaimint na hEorpa agus an saol acadúil, na meáin, na meithleacha machnaimh agus na saoránaigh a bhaineann le staidéir fhadbhreathnaitheacha ar na treochtaí fadtéarmacha nach mór do chinnteoirí an Aontais Eorpaigh aghaidh a thabhairt orthu, ní hamháin i réimse na heolaíochta ach ar bhonn níos leithne freisin trí sheimineáir, foilseacháin agus gníomhaíochtaí eile a leagtar amach thuas.

Meastar gurb é EUR 100 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83 ón gComhairle an 1 Feabhra 1983 maidir le cartlann stairiúil Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a oscailt don phobal (IO L 43, 15.2.1983, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 28 Samhain 2001 maidir leis na rialacha lena rialaítear an rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, arna leasú go deireanach an 22 Meitheamh 2011 (IO C 216, 22.7.2011, lch. 19).

Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 2 Iúil 2012 maidir leis na rialacha i ndáil le bainistiú doiciméad i bParlaimint na hEorpa

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Deireadh Fómhair 2013 maidir le réamhphleanáil beartais agus treochtaí fadtéarmacha: impleachtaí buiséadacha don fhothú acmhainneachta (IO C 181, 19.5.2016, lch. 16), agus go háirithe míreanna 7 agus 9 de.

Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2014 maidir leis na nósanna imeachta lena rialaítear cartlanna príobháideacha na bhFeisirí agus na nIar-Fheisirí a bheith á bhfáil ag Parlaimint na hEorpa.

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2015 maidir le meastacháin Pharlaimint na hEorpa ar an ioncam agus an caiteachas don bhliain airgeadais 2016 (IO C 346, 21.9.2016, lch. 188), agus go háirithe mír 30 de.

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Aibreán 2016 maidir le meastacháin Pharlaimint na hEorpa ar an ioncam agus an caiteachas don bhliain airgeadais 2019 (IO C 58, 15.2.2019, lch. 257), agus go háirithe mír 54 de.

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Aibreán 2018 maidir le meastacháin Pharlaimint na hEorpa ar an ioncam agus an caiteachas don bhliain airgeadais 2019 (IO C 390, 18.11.2019, lch. 215), agus go háirithe mír 49 de.

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Márta 2019 maidir le meastacháin Pharlaimint na hEorpa ar an ioncam agus an caiteachas don bhliain airgeadais 2020 (Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0326), agus go háirithe mír 47 de.

**CAIBIDIL 3 2 — SAINEOLAIS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS SCAIPEADH** *(Ar lean.)*

### 3 2 2 *Caiteachas doiciméadachta*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 258 000 | 3 261 000 | 2 819 197,90 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— síntiúis le nuachtáin agus tréimhseacháin agus gníomhaireachtaí nuachta agus lena bhfoilseacháin agus le seirbhísí ar líne, lena n-áirítear táillí cóipchirt chun na nithe thuasluaite a atáirgeadh agus a scaipeadh i bhfoirm scríofa agus/nó leictreonach agus conarthaí seirbhíse le haghaidh athbhreithnithe agus gearrthóga preasa,

— síntiúis nó conarthaí seirbhíse chun achoimrí agus anailísí a sholáthar ar ábhar tréimhseachán nó chun ailt arna nglacadh ó thréimhseacháin den chineál sin a stóráil ar mheáin súl,

— bunachair sonraí sheachtracha dhoiciméadacha agus staidrimh a úsáid (muirir ar chrua-earraí ríomhaireachta agus ar theileachumarsáid curtha as an áireamh),

— foclóirí agus gluaiseanna nua a cheannach, nó cinn eile a chur ina n-ionad, gan beann ar an meán, lena n-áirítear do na rannóga nua teanga, agus saothair eile do na seirbhísí teanga agus na hAonaid um Cháilíocht Reachtaíochta.

Meastar gurb é EUR 100 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

### 3 2 3 *Tacaíocht don daonlathas agus don fhothú acmhainneachta do pharlaimintí tríú tíortha*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 250 000 | 1 400 000 | 400 614,59 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— an caiteachas ar chláir malartaithe faisnéise agus comhair idir Parlaimint na hEorpa agus parlaimintí náisiúnta na dtíortha réamhaontachais, go háirithe na Balcáin Thiar agus an Tuirc,

— an caiteachas a chuirtear ar leataobh chun an caidreamh a chur chun cinn idir Parlaimint na hEorpa agus parlaimintí náisiúnta tríú tíortha a thoghtar go daonlathach (seachas na parlaimintí dá dtagraítear sa fhleasc roimhe seo) agus le heagraíochtaí parlaiminteacha réigiúnacha comhfhreagracha. Tá na gníomhaíochtaí lena mbaineann dírithe go háirithe ar an acmhainneacht pharlaiminteach a neartú i ndaonlathais nua agus i ndaonlathais atá ag teacht chun cinn, go háirithe i gComharsanacht na hEorpa (ó dheas agus thoir),

**CAIBIDIL 3 2 — SAINEOLAIS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS SCAIPEADH** *(Ar lean.)*

**3 2 3** *(Ar lean.)*

— an caiteachas ar chur chun cinn gníomhaíochtaí a thacaíonn leis an idirghabháil, agus na cláir do cheannairí polaitiúla óga ón Aontas Eorpach agus ó thíortha i gComharsanacht na hEorpa i gcoitinne: an Mhagraib, Oirthear na hEorpa agus an Rúis, an t-idirphlé idir Iosrael agus an Phalaistín agus tíortha tosaíochta eile arna gcinneadh ag an nGrúpa Tacaíochta Daonlathais agus Comhordaithe Toghcháin,

— an caiteachas ar eagrú Dhuais Sakharov (go háirithe méid na duaise, speansais taistil an bhuaiteora (nó na mbuaiteoirí) agus na gcraobhiomaitheoirí eile agus na costais a bhaineann le fáilte a chur rompu, costais oibriúcháin líonra Sakharov agus an taisteal dualgais a dhéanann baill an líonra) agus ar ghníomhaíochtaí chun cearta an duine a chur chun cinn.

Mar chuid de na gníomhaíochtaí sin tá cuairteanna faisnéise ar Pharlaimint na hEorpa sa Bhruiséil, i Lucsamburg nó in Strasbourg agus cuairteanna ar Bhallstáit agus ar thríú tíortha. Cumhdaíonn an leithreasú seo speansais na rannpháirtithe, go hiomlán nó go páirteach, go háirithe na speansais taistil, lóistín agus cothaithe laethúil.

Meastar gurb é EUR 100 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2011 lena mbunaítear an Stiúrthóireacht um Thacaíocht Daonlathais in Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Sheachtracha an Aontais.

**3 2 4** ***Táirgeadh agus scaipeadh***

3 2 4 0 Iris Oifigiúil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar sciar na hinstitiúide de chaiteachas Oifig na bhFoilseachán ar an bhfoilsitheoireacht agus ar an scaipeadh agus costais choimhdeacha eile i dtaca leis na téacsanna atá le foilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 5 000.

**CAIBIDIL 3 2 — SAINEOLAIS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS SCAIPEADH** *(Ar lean.)*

**3 2 4** *(Ar lean.)*

3 2 4 1 Foilseacháin dhigiteacha agus thraidisiúnta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 5 291 000 | 4 722 000 | 5 535 528,76 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— costais uile na foilsitheoireachta digití (láithreáin inlín) agus na foilsitheoireachta traidisiúnta (doiciméid ilghnéitheacha agus ábhar clóite a chuirtear amach ar fochonradh), lena n-áirítear dáileadh,

— uasghrádú, forbairt agus feabhsú na gcóras eagarthóireachta.

| 2 0 0 1 | Íocaíochtaí bliantúla léasa | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 2 0 0 2 | Maoin dhochorraithe a fháil | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 2 0 0 3 | Obair feistithe agus shuiteála | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 8 437 000 | 10 171 000 | 9 008 387,52 | 106,77 |
| 2 0 0 4 | Obair chun áitribh a dhaingniú | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 126 000 | 2 142 000 | 2 970 526,83 | 139,72 |
| 2 0 0 5 | Caiteachas sula ndéantar foirgnimh a fháil, a thógáil agus a fheistiú | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 210 000 | 1 083 000 | 309 492,02 | 25,58 |
| | *Airteagal 2 0 0 — IOMLÁN* | 12 217 000 | 13 840 000 | 12 545 672,57 | 102,69 |
| ***2 0 1*** | ***Costais a bhaineann le foirgnimh*** | | | | |
| 2 0 1 0 | Glanadh agus cothabháil | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 21 141 000 | 19 036 000 | 18 369 904,10 | 86,89 |
| 2 0 1 1 | Uisce, gás, leictreachas agus téamh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 6 340 180 | 6 302 000 | 15 845 002,06 | 249,91 |
| 2 0 1 2 | Slándáil agus faireachas foirgneamh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 19 133 000 | 18 758 000 | 17 184 995,95 | 89,82 |
| 2 0 1 3 | Árachas | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 630 000 | 622 000 | 587 383,28 | 93,24 |

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL 2 1 — CÓRAIS RÍOMHAIREACHTA, TREALAMH AGUS TROSCÁN**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **2 0 1** | *(Ar lean.)* | | | | |
| 2 0 1 4 | Costais eile a bhaineann le foirgnimh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 508 000 | 645 000 | 442 276,86 | 87,06 |
| | *Airteagal 2 0 1 — IOMLÁN* | 47 752 180 | 45 363 000 | 52 429 562,25 | 109,80 |
| | CAIBIDIL 2 0 — IOMLÁN | 59 969 180 | 59 203 000 | 64 975 234,82 | 108,35 |
| | CAIBIDIL 2 1 | | | | |
| ***2 1 0*** | ***Córais ríomhaireachta agus teileachumarsáid*** | | | | |
| 2 1 0 0 | Trealamh agus bogearraí a fháil | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 14 679 000 | 14 085 000 | 16 630 807,19 | 113,30 |
| 2 1 0 1 | Cúnamh seachtrach chun córais ríomhaireachta a oibriú agus a fhorbairt | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 29 278 000 | 29 376 000 | 29 594 965,51 | 101,08 |
| 2 1 0 2 | Trealamh agus bogearraí a sheirbhísiú agus a chothabháil | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 8 361 000 | 7 867 000 | 6 975 474,63 | 83,43 |
| 2 1 0 3 | Teileachumarsáid | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 676 000 | 1 495 000 | 1 716 304,59 | 102,40 |
| | *Airteagal 2 1 0 — IOMLÁN* | 53 994 000 | 52 823 000 | 54 917 551,92 | 101,71 |
| ***2 1 1*** | ***Troscán*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 044 980 | 1 051 000 | 980 995,49 | 93,88 |
| ***2 1 2*** | ***Trealamh agus suiteálacha teicniúla*** | | | | |
| 2 1 2 0 | Trealamh agus suiteálacha teicniúla a cheannach agus a athsholáthar | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 793 000 | 2 150 000 | 2 291 799,62 | 127,82 |
| 2 1 2 1 | Cúnamh seachtrach chun trealamh agus suiteálacha teicniúla a oibriú agus a fhorbairt | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 102 000 | 100 000 | 73 537,— | 72,10 |

**CAIBIDIL 2 1 — CÓRAIS RÍOMHAIREACHTA, TREALAMH AGUS TROSCÁN** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL 2 2 — CAITEACHAS OIBRÍOCHTÚIL**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **2 1 2** | *(Ar lean.)* | | | | |
| 2 1 2 2 | Trealamh agus suiteálacha teicniúla a fháil ar cíos, a sheirbhísiú, a chothabháil agus a dheisiú | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 358 000 | 1 327 000 | 958 421,98 | 70,58 |
| | *Airteagal 2 1 2 — IOMLÁN* | 3 253 000 | 3 577 000 | 3 323 758,60 | 102,18 |
| **2 1 3** | ***Iompar*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 174 000 | 2 080 000 | 2 513 247,51 | 115,60 |
| | CAIBIDIL 2 1 — IOMLÁN | 60 465 980 | 59 531 000 | 61 735 553,52 | 102,10 |
| | CAIBIDIL 2 2 | | | | |
| **2 2 0** | ***Cruinnithe agus comhdhálacha*** | | | | |
| 2 2 0 0 | Costais taistil na dtoscaireachtaí | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 15 505 000 | 15 505 000 | 5 579 200,— | 35,98 |
| 2 2 0 1 | Speansais taistil ilghnéitheacha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 509 000 | 500 000 | 267 673,22 | 52,59 |
| 2 2 0 2 | Costais ateangaireachta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 81 600 000 | 80 000 000 | 61 391 388,50 | 75,23 |
| 2 2 0 3 | Speansais ionadaíochta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 185 000 | 195 000 | 142 772,26 | 77,17 |
| 2 2 0 4 | Caiteachas ilghnéitheach ar chruinnithe | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 5 185 000 | 5 305 000 | 4 241 652,94 | 81,81 |
| 2 2 0 5 | Comhdhálacha agus cruinnithe a eagrú | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 652 000 | 1 090 000 | 2 920 536,75 | 176,79 |
| | *Airteagal 2 2 0 — IOMLÁN* | 104 636 000 | 102 595 000 | 74 543 223,67 | 71,24 |

**CAIBIDIL 2 2 — CAITEACHAS OIBRÍOCHTÚIL** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***2 2 1*** | ***Faisnéis*** | | | | |
| 2 2 1 0 | Caiteachas doiciméadúcháin agus leabharlainne | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 823 000 | 2 885 000 | 2 760 606,34 | 97,79 |
| 2 2 1 1 | Iris Oifigiúil | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 2 2 1 2 | Foilseacháin ghinearálta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 310 000 | 268 000 | 345 000,— | 111,29 |
| 2 2 1 3 | Faisnéis agus imeachtaí poiblí | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 6 500 000 | 5 951 000 | 5 185 216,94 | 79,77 |
| | *Airteagal 2 2 1 — IOMLÁN* | 9 633 000 | 9 104 000 | 8 290 823,28 | 86,07 |
| ***2 2 3*** | ***Speansais ilghnéitheacha*** | | | | |
| 2 2 3 0 | Soláthairtí oifige | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 398 000 | 398 000 | 503 675,54 | 126,55 |
| 2 2 3 1 | Muirir phoist | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 35 000 | 35 000 | 50 000,— | 142,86 |
| 2 2 3 2 | Caiteachas ar staidéir, ar shuirbhéanna agus ar chomhairliúcháin | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 45 000 | 45 000 | 15 000,— | 33,33 |
| 2 2 3 3 | Comhar idirinstitiúideach | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 2 2 3 4 | Aistrithe | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 33 000 | 33 000 | 30 478,20 | 92,36 |
| 2 2 3 5 | Muirir airgeadais | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 15 000 | 20 000 | 8 000,— | 53,33 |
| 2 2 3 6 | Speansais agus costais dlí, damáistí agus cúiteamh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 550 000 | 550 000 | 850 000,— | 154,55 |

**CAIBIDIL 2 2 — CAITEACHAS OIBRÍOCHTÚIL** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **2 2 3** | *(Ar lean.)* | | | | |
| 2 2 3 7 | Caiteachas oibríochtúil eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 311 000 | 291 000 | 233 919,99 | 75,22 |
| | *Airteagal 2 2 3 — IOMLÁN* | 1 387 000 | 1 372 000 | 1 691 073,73 | 121,92 |
| | CAIBIDIL 2 2 — IOMLÁN | 115 656 000 | 113 071 000 | 84 525 120,68 | 73,08 |
| | **Teideal 2 — IOMLÁN** | **236 091 160** | **231 805 000** | **211 235 909,02** | **89,47** |

# TEIDEAL 2

# FOIRGNIMH, TREALAMH AGUS CAITEACHAS OIBRÍOCHTÚIL

## CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

### *2 0 0 Foirgnimh*

2 0 0 0 Cíos

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 444 000 | 444 000 | 257 266,20 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na cíosanna agus na cánacha ar fhoirgnimh ina bhfuil na hinstitiúidí agus an cíos ar sheomraí cruinnithe, ar thrádstóras agus ar spásanna páirceála:

— áitribh á n-áitiú sa Bhruiséil,

— áitribh á n-áitiú i Lucsamburg (Ionad Comhdhála na hEorpa Lucsamburg).

Meastar gurb é EUR 300 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

Laghdaíodh na hiarrataí ar leithreasuithe tríd an ioncam sannta measta a chur san áireamh.

2 0 0 1 Íocaíochtaí bliantúla léasa

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na híocaíochtaí bliantúla léasa ar fhoirgnimh nó ar chodanna d'fhoirgnimh a thagann faoi léasanna atá ann cheana nó léasanna atá á n-ullmhú.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA** *(Ar lean.)*

***2 0 0*** *(Ar lean.)*

2 0 0 2 Maoin dhochorraithe a fháil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na costais a bhaineann le maoin dhochorraithe a fháil.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 0 3 Obair feistithe agus shuiteála

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 8 437 000 | 10 171 000 | 9 008 387,52 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar obair feistithe, lena n-áirítear:

— áitribh a fheistiú agus a chlaochlú i gcomhréir le ceanglais oibríochtúla,

— áitribh agus suiteálacha teicniúla a oiriúnú chun na ceanglais agus na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 0 4 Obair chun áitribh a dhaingniú

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 126 000 | 2 142 000 | 2 970 526,83 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar obair ar fheistiú foirgneamh chun críoch slándála fisicí agus ábhartha daoine agus maoine.

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA** *(Ar lean.)*

***2 0 0*** *(Ar lean.)*

2 0 0 4 *(Ar lean.)*

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 0 5 Caiteachas sula ndéantar foirgnimh a fháil, a thógáil agus a fheistiú

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 210 000 | 1 083 000 | 309 492,02 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar, *inter alia*, rannchuidithe saineolaithe leis na staidéir maidir le hoiriúnú agus leathnú fhoirgnimh na n-institiúidí.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

***2 0 1*** ***Costais a bhaineann le foirgnimh***

2 0 1 0 Glanadh agus cothabháil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 21 141 000 | 19 036 000 | 18 369 904,10 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na costais ghlantacháin agus chothabhála seo a leanas:

— spásanna foirgnimh a ghlanadh,

— cothabháil agus deisiú ilghnéitheach,

— soláthairtí teicniúla,

— conarthaí le haghaidh cothabháil trealaimh theicniúil ilghnéithigh (aerchóiriú, téamh, diúscairt dramhaíola, ardaitheoirí, suiteálacha leictreachais agus slándála),

— gairdíní agus plandaí a chothabháil.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA** *(Ar lean.)*

***2 0 1*** *(Ar lean.)*

2 0 1 1 Uisce, gás, leictreachas agus téamh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 6 340 180 | 6 302 000 | 15 845 002,06 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais an uisce, an gháis, an leictreachais agus an téimh.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 1 2 Slándáil agus faireachas foirgneamh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 19 133 000 | 18 758 000 | 17 184 995,95 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar go bunúsach na costais a bhaineann le haire a thabhairt d'fhoirgnimh ina bhfuil na hinstitiúidí agus faireachas a dhéanamh orthu.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 1 3 Árachas

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 630 000 | 622 000 | 587 383,28 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na préimheanna ar chonarthaí a thugtar i gcrích le cuideachtaí árachais do na foirgnimh ina bhfuil na hinstitiúidí.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA** *(Ar lean.)*

***2 0 1*** *(Ar lean.)*

2 0 1 4 Costais eile a bhaineann le foirgnimh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 508 000 | 645 000 | 442 276,86 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar aon chaiteachas reatha eile a bhaineann le foirgnimh nach bhforáiltear dó in airteagail eile na caibidle seo, go háirithe na costais a bhaineann le dramhaíl a dhiúscairt, le comharthaíocht agus le suirbhéanna arna ndéanamh ag cuideachtaí speisialaithe.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 1 — CÓRAIS RÍOMHAIREACHTA, TREALAMH AGUS TROSCÁN**

***2 1 0 Córais ríomhaireachta agus teileachumarsáid***

2 1 0 0 Trealamh agus bogearraí a fháil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 14 679 000 | 14 085 000 | 16 630 807,19 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le trealamh nó bogearraí a cheannach nó a fháil ar cíos do chórais agus d'fheidhmchláir ríomhaireachta.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 1 0 1 Cúnamh seachtrach chun córais ríomhaireachta a oibriú agus a fhorbairt

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 29 278 000 | 29 376 000 | 29 594 965,51 |

**CAIBIDIL 2 1 — CÓRAIS RÍOMHAIREACHTA, TREALAMH AGUS TROSCÁN** *(Ar lean.)*

***2 1 0*** *(Ar lean.)*

2 1 0 1 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costas an chúnaimh agus na hoiliúna arna soláthar ag seirbhísí ríomhaireachta agus ag gnólachtaí comhairliúcháin chun córais agus feidhmchláir ríomhaireachta a oibriú agus a fhorbairt, lena n-áirítear tacaíocht d'úsáideoirí.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 1 0 2 Trealamh agus bogearraí a sheirbhísiú agus a chothabháil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 8 361 000 | 7 867 000 | 6 975 474,63 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le seirbhísiú agus cothabháil trealaimh agus córas ríomhaireachta agus bogearraí feidhmchlár.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 1 0 3 Teileachumarsáid

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 676 000 | 1 495 000 | 1 716 304,59 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar síntiúis agus praghas na cumarsáide agus na costais a bhaineann le tarchur sonraí.

Agus na meastacháin seo á dtarraingt suas, cuireadh an luach in-athúsáidte san áireamh agus costais cumarsáide teileafóin á n-aisghabháil.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 1 — CÓRAIS RÍOMHAIREACHTA, TREALAMH AGUS TROSCÁN** *(Ar lean.)*

**2 1 1** ***Troscán***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 044 980 | 1 051 000 | 980 995,49 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— troscán agus troscán speisialaithe a cheannach,

— athsholáthar cuid den troscán a ceannaíodh ar a laghad 15 bliana ó shin nó nach féidir a athúsáid,

— troscán a fháil ar cíos,

— troscán a chothabháil agus a dheisiú.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**2 1 2** ***Trealamh agus suiteálacha teicniúla***

2 1 2 0 Trealamh agus suiteálacha teicniúla a cheannach agus a athsholáthar

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 793 000 | 2 150 000 | 2 291 799,62 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ceannach nó athsholáthar trealaimh agus suiteálacha teicniúla, idir sheasta, shoghluaiste agus ilghnéitheacha, go háirithe i dtaca le cartlannú, an roinn ceannaigh, sábháilteacht agus slándáil, comhdhálacha, ceaintíní agus foirgnimh.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 1 2 1 Cúnamh seachtrach chun trealamh agus suiteálacha teicniúla a oibriú agus a fhorbairt

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 102 000 | 100 000 | 73 537,— |

**CAIBIDIL 2 1 — CÓRAIS RÍOMHAIREACHTA, TREALAMH AGUS TROSCÁN** *(Ar lean.)*

**2 1 2** *(Ar lean.)*

2 1 2 1 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar chúnamh agus ar mhaoirseacht theicniúil, go háirithe i dtaca le comhdhálacha agus ceaintíní.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 1 2 2 Trealamh agus suiteálacha teicniúla a fháil ar cíos, a sheirbhísiú, a chothabháil agus a dheisiú

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 358 000 | 1 327 000 | 958 421,98 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar trealamh teicniúil agus suiteálacha teicniúla a fháil ar cíos agus an costas ar sheirbhísiú, ar chothabháil agus ar dheisiú an trealaimh agus na suiteálacha sin.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**2 1 3** ***Iompar***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 174 000 | 2 080 000 | 2 513 247,51 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar, *inter alia*, na nithe seo a leanas:

— an flít feithiclí a fháil, a léasú agus a athsholáthar,

— an costas a bhaineann le gluaisteáin a fháil ar cíos,

— costas cothabhála agus deisiúcháin gluaisteán seirbhíse (peitreal, boinn, etc. a cheannach),

— an costas ar an mbeartas soghluaisteachta a ghlac Ardrúnaíocht na Comhairle i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 58/21 ó Ardrúnaí na Comhairle.

**CAIBIDIL 2 1 — CÓRAIS RÍOMHAIREACHTA, TREALAMH AGUS TROSCÁN** *(Ar lean.)*

***2 1 3*** *(Ar lean.)*

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 2 — CAITEACHAS OIBRÍOCHTÚIL**

***2 2 0 Cruinnithe agus comhdhálacha***

2 2 0 0 Costais taistil na dtoscaireachtaí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 15 505 000 | 15 505 000 | 5 579 200,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar aisíocaíocht speansas taistil thoscairí na mBallstát i gcomhréir le Cinntí Uimh. 54/18 agus Uimh. 44/20 ó Ardrúnaí na Comhairle.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

*Bunús dlí*

Cinntí Uimh. 54/18 agus Uimh. 44/20 ó Ardrúnaí na Comhairle maidir le hateangaireacht don Chomhairle Eorpach, don Chomhairle agus dá comhlachtaí ullmhúcháin agus aisíocaíocht speansas taistil Thoscairí Bhallstáit an Aontais.

2 2 0 1 Speansais taistil ilghnéitheacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 509 000 | 500 000 | 267 673,22 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar liúntais taistil agus chothaithe do shaineolaithe a n-iarrtar orthu freastal ar chruinnithe nó a seolann Ardrúnaí na Comhairle nó Uachtarán na Comhairle Eorpaí ar misean iad.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 2 — CAITEACHAS OIBRÍOCHTÚIL** *(Ar lean.)*

***2 2 0*** *(Ar lean.)*

2 2 0 1 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Cinneadh Uimh. 21/2009 ó Leas-Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le haisíocaíocht speansas misin daoine nach baill foirne de chuid Chomhairle an Aontais Eorpaigh iad.

Cinneadh 2010/124/AE ón gComhairle an 25 Feabhra 2010 maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil dá bhforáiltear in Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO L 50, 27.2.2010, lch. 18).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle an 13 Iúil 2018 maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 282, 12.11.2018, lch. 8).

2 2 0 2 Costais ateangaireachta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 81 600 000 | 80 000 000 | 61 391 388,50 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais ateangaireachta i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 54/18 ó Ardrúnaí na Comhairle.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

*Bunús dlí*

Cinneadh Uimh. 54/18 ó Ardrúnaí na Comhairle maidir le hateangaireacht don Chomhairle Eorpach, don Chomhairle agus dá comhlachtaí ullmhúcháin agus aisíocaíocht speansas taistil Thoscairí Bhallstáit an Aontais.

2 2 0 3 Speansais ionadaíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 185 000 | 195 000 | 142 772,26 |

**CAIBIDIL 2 2 — CAITEACHAS OIBRÍOCHTÚIL** *(Ar lean.)*

***2 2 0*** *(Ar lean.)*

2 2 0 3 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann leis na hoibleagáidí atá ar na hinstitiúidí i bhfoirm ionadaíochta agus costais ilghnéitheacha seachas lónadóireacht.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 2 0 4 Caiteachas ilghnéitheach ar chruinnithe

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 5 185 000 | 5 305 000 | 4 241 652,94 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann leis na hoibleagáidí atá ar na hinstitiúidí i bhfoirm lónadóireachta (e.g. béilí, deochanna agus sneaiceanna), lena n-áirítear earraí agus seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith bainteach le conarthaí lónadóireachta (e.g. seirbhísí níocháin, línéadach boird a fháil agus nithe beaga a fháil).

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 2 0 5 Comhdhálacha agus cruinnithe a eagrú

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 652 000 | 1 090 000 | 2 920 536,75 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar speansais a bhaineann le heagrú comhdhálacha agus cruinnithe.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 2 — CAITEACHAS OIBRÍOCHTÚIL** *(Ar lean.)*

## *2 2 1 Faisnéis*

### 2 2 1 0 Caiteachas doiciméadúcháin agus leabharlainne

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 823 000 | 2 885 000 | 2 760 606,34 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— leabhair agus saothair eile a cheannach i gcruachóip nó i bhfoirm leictreonach don leabharlann,

— síntiúis le nuachtáin, tréimhseacháin, seirbhísí a sholáthraíonn anailísí ar inneachar foilseachán den sórt sin agus foilseacháin eile ar líne (cé is moite de ghníomhaireachtaí preasa); leis an leithreasú seo, cumhdaítear freisin aon chostais chóipchirt a eascraíonn as atáirgeadh agus scaipeadh na bhfoilseachán sin i gcruachóip nó go leictreonach,

— na costais ar rochtain ar bhunachair sonraí sheachtracha dhoiciméadacha agus staidrimh,

— an costas ar shíntiúis do ghníomhaireachtaí nuachta teiliprintéara,

— leabharcheangal agus costais eile atá bunriachtanach chun leabhair agus tréimhseacháin a chaomhnú,

— na costais ar thaighde sna meáin agus ar fhaireachán ar na meáin.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

### 2 2 1 1 Iris Oifigiúil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na costais a bhaineann leis na téacsanna a ullmhú, a fhoilsiú agus a scaipeadh a cheanglaítear ar an gComhairle a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* de bhun Airteagal 297 CFAE agus le teacht i bhfeidhm ghníomhartha dlí an Aontais.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 2 — CAITEACHAS OIBRÍOCHTÚIL** *(Ar lean.)*

***2 2 1*** *(Ar lean.)*

2 2 1 2 Foilseacháin ghinearálta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 310 000 | 268 000 | 345 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na costais atá ar fhoilseacháin de chuid na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle, seachas na cinn a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a ullmhú, a fhoilsiú i dteangacha oifigiúla na mBallstát ar mhodhanna traidisiúnta (páipéar nó micreascannán) nó ar mhodhanna leictreonacha, agus a scaipeadh.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 2 1 3 Faisnéis agus imeachtaí poiblí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 6 500 000 | 5 951 000 | 5 185 216,94 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— caiteachas a eascróidh, *inter alia*, as cruinnithe poiblí na Comhairle agus as cúnamh do na meáin chlosamhairc a chumhdaíonn obair na n-institiúidí (trealamh a fháil ar cíos agus conarthaí seirbhísí raidió/teilifíse, ceannach, cothabháil agus deisiú an trealaimh is gá le haghaidh tarchuir raidió/theilifíse, seirbhísí seachtracha grianghraf, etc.),

— an costas ar ghníomhaíochtaí ilghnéitheacha faisnéise agus caidrimh phoiblí,

— caiteachas ar phoiblíocht agus ar chur chun cinn foilseachán agus imeachtaí poiblí a bhaineann le gníomhaíochtaí na n-institiúidí, lena n-áirítear costais choimhdeacha bhainistíochta agus bhonneagair.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 2 — CAITEACHAS OIBRÍOCHTÚIL** *(Ar lean.)*

**2 2 3** ***Speansais ilghnéitheacha***

2 2 3 0 Soláthairtí oifige

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 398 000 | 398 000 | 503 675,54 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— páipéar,

— fótachóipeanna agus táillí,

— soláthairtí sonracha páipéir agus oifige (soláthairtí ó lá go lá),

— ábhar clóite,

— soláthairtí chun post a sheoladh (imchlúdaigh, páipéar fillte, plátaí don mheaisín frainceála, stampálaithe agus frámaí),

— soláthairtí don cheardlann atáirgthe doiciméad (dúigh chlódóra, seachphlátaí, scannáin agus ceimiceáin chun plátaí a ullmhú).

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 2 3 1 Muirir phoist

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 35 000 | 35 000 | 50 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas ar mhuirir phoist.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 2 3 2 Caiteachas ar staidéir, ar shuirbhéanna agus ar chomhairliúcháin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 45 000 | 45 000 | 15 000,— |

**CAIBIDIL 2 2 — CAITEACHAS OIBRÍOCHTÚIL** *(Ar lean.)*

**2 2 3** *(Ar lean.)*

2 2 3 2 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na costais ar staidéir agus ar chomhairliúcháin a chuirtear amach ar conradh chuig saineolaithe ardcháilithe.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 2 3 3 Comhar idirinstitiúideach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas ar ghníomhaíochtaí idirinstitiúideacha.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 2 3 4 Aistrithe

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 33 000 | 33 000 | 30 478,20 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas ar aistriú agus iompar trealaimh.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 2 3 5 Muirir airgeadais

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 15 000 | 20 000 | 8 000,— |

**CAIBIDIL 2 2 — CAITEACHAS OIBRÍOCHTÚIL** *(Ar lean.)*

**2 2 3** *(Ar lean.)*

2 2 3 5 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gach muirear airgeadais, lena n-áirítear muirir bhainc.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 2 3 6 Speansais agus costais dlí, damáistí agus cúiteamh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 550 000 | 550 000 | 850 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— costais a d'fhéadfadh an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta a dhámhachtain i gcoinne na Comhairle nó na Comhairle Eorpaí,

— táillí a ghearrann dlíodóirí ón taobh amuigh as ionadaíocht a dhéanamh ar an gComhairle nó ar an gComhairle Eorpach sa chúirt nó as comhairle a chur ar an gComhairle nó ar an gComhairle Eorpach in ábhair riaracháin agus chonarthacha,

— damáistí agus cúiteamh a bhfuil an Chomhairle nó an Chomhairle Eorpach faoi dhliteanas ina leith,

— an costas ar mheasúnuithe tionchair a theastaíonn don phróiseas reachtach agus a chuirtear amach ar conradh chuig soláthraithe seirbhíse seachtracha.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 2 3 7 Caiteachas oibríochtúil eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 311 000 | 291 000 | 233 919,99 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— árachas seachas árachas ar fhoirgnimh, a mhuirearaítear ar Mhír 2 0 1 3,

**CAIBIDIL 2 2 — CAITEACHAS OIBRÍOCHTÚIL** *(Ar lean.)*

**2 2 3** *(Ar lean.)*

2 2 3 7 *(Ar lean.)*

- éadaí oibre a cheannach don fhoireann i gcomhréir leis na rialacha arna nglacadh ag an Ard-Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eagraíochtúil agus Seirbhísí agus trealamh oibre a cheannach d'fhoireann ceardlainne agus d'fhoireann seirbhísí inmheánacha, agus deisiú agus cothabháil éadaí oibre agus trealamh oibre,
- ranníocaíocht na Comhairle le caiteachas comhlachas áirithe a mbaineann a ngníomhaíochtaí go díreach le gníomhaíochtaí institiúidí an Aontais,
- caiteachas oibríochtúil eile nach bhforáiltear dó go speisialta faoi na ceannteidil roimhe seo (seirbhísí ilghnéitheacha).

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

## TEIDEAL 10

## CAITEACHAS EILE

**CAIBIDIL 10 0 — LEITHREASUITHE SEALADACHA**
**CAIBIDIL 10 1 — CÚLCHISTE TEAGMHASACH**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 10 0 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 10 0 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 10 1 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 10 1 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Teideal 10 — IOMLÁN** | **p.m.** | **p.m.** | **0,—** | |

# TEIDEAL 10

# CAITEACHAS EILE

## CAIBIDIL 10 0 — LEITHREASUITHE SEALADACHA

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Is leithreasuithe sealadacha iad na leithreasuithe a iontráiltear sa chaibidil seo agus ní fhéadfar iad a úsáid ach amháin tar éis iad a aistriú chuig caibidlí eile i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

## CAIBIDIL 10 1 — CÚLCHISTE TEAGMHASACH

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas gan choinne a eascraíonn as cinntí buiséadacha a dhéantar le linn na bliana airgeadais.

## FOIREANN

### An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle

| Grúpa feidhme agus grád | 2024 | | | 2023 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Poist bhuana | Poist shealadacha | | Poist bhuana | Poist shealadacha | |
| | | Uachtarán na Comhairle Eorpaí | Eile | | Uachtarán na Comhairle Eorpaí | Eile |
| Gan chatagóir | 1 | — | — | 1 | — | — |
| AD 16 | 8 | 1 | — | 8 | 1 | — |
| AD 15 | 33 ([1]) | 1 | — | 33 ([1]) | 1 | — |
| AD 14 | 145 ([2]) | 2 | 1 | 145 ([2]) | 2 | 1 |
| AD 13 | 140 | 3 | — | 140 | 3 | — |
| AD 12 | 214 | 7 | 1 | 208 | 7 | 1 |
| AD 11 | 102 | 2 | — | 92 | 2 | — |
| AD 10 | 192 | 2 | — | 177 | 2 | — |
| AD 9 | 250 | — | 1 | 263 | — | — |
| AD 8 | 150 | — | — | 161 | — | — |
| AD 7 | 146 | 1 | — | 158 | 1 | — |
| AD 6 | 67 | 1 | — | 70 | 1 | — |
| AD 5 | 86 | — | — | 69 | — | — |
| Fo-iomlán AD | 1 533 | 20 | 3 | 1 524 | 20 | 2 |
| AST 11 | 42 | — | — | 42 | — | — |
| AST 10 | 49 | — | — | 49 | — | — |
| AST 9 | 191 | 7 | — | 191 | 7 | — |
| AST 8 | 88 | 2 | — | 88 | 2 | — |
| AST 7 | 154 | — | — | 148 | — | — |
| AST 6 | 216 | — | — | 206 | — | — |
| AST 5 | 275 | 1 | — | 284 | 1 | — |
| AST 4 | 160 | — | — | 180 | — | — |
| AST 3 | 46 | 2 | — | 45 | 2 | — |
| AST 2 | 10 | 1 | — | 8 | 1 | — |
| AST 1 | 18 | — | — | 28 | — | — |
| Fo-iomlán AST | 1 249 | 13 | — | 1 269 | 13 | — |
| AST/SC 6 | — | — | — | — | — | — |
| AST/SC 5 | 1 | — | — | — | — | — |
| AST/SC 4 | 9 | — | — | 8 | — | — |
| AST/SC 3 | 21 | — | — | 16 | — | — |

| Grúpa feidhme agus grád | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2024 | | | 2023 | | |
| | Poist bhuana | Poist shealadacha | | Poist bhuana | Poist shealadacha | |
| | | Uachtarán na Comhairle Eorpaí | Eile | | Uachtarán na Comhairle Eorpaí | Eile |
| AST/SC 2 | 72 | — | — | 71 | — | — |
| AST/SC 1 | 107 | — | — | 105 | — | — |
| Fo-iomlán AST/SC | 210 | — | — | 200 | — | — |
| **IOMLÁN** | **2 993** | **33** | **3** | **2 994** | **33** | **2** |
| **Comhiomlán** | **3 029** | | | **3 029** | | |

([1]) Lena n-áirítear ceathrar gníomhairí ar ghrád AD 16 *ad personam*.
([2]) Lena n-áirítear seachtar gníomhairí ar ghrád AD 15 *ad personam*.

*ROINN III*

**COIMISIÚN**

**IONCAM**

COIMISIÚN

*TEIDEAL 3*

## IONCAM RIARACHÁIN

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN**
**CAIBIDIL 3 1 — IONCAM NASCTHA LE MAOIN**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 0 | | | | |
| ***3 0 0*** | ***Cánacha agus tobhaigh*** | | | | |
| 3 0 0 0 | Cáin ar an luach saothair | 905 072 731 | 827 082 382 | 792 665 250,78 | 87,58 |
| 3 0 0 1 | Tobhaigh speisialta ar an luach saothair | 83 650 880 | 77 595 387 | 74 333 349,57 | 88,86 |
| | *Airteagal 3 0 0 — IOMLÁN* | 988 723 611 | 904 677 769 | 866 998 600,35 | 87,69 |
| ***3 0 1*** | ***Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin*** | | | | |
| 3 0 1 0 | Ranníocaíochtaí na foirne leis an scéim pinsin | 488 316 400 | 419 562 590 | 401 752 083,30 | 82,27 |
| 3 0 1 1 | Cearta pinsin á n-aistriú nó á gceannach ag an bhfoireann | 82 706 311 | 61 690 172 | 57 886 563,24 | 69,99 |
| 3 0 1 2 | Ranníocaíochtaí na foirne atá ar saoire leis an scéim pinsin | 100 000 | 100 000 | 55 463,69 | 55,46 |
| 3 0 1 3 | Ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí díláraithe agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta | 70 169 757 | 64 886 584 | 70 845 570,25 | 100,96 |
| | *Airteagal 3 0 1 — IOMLÁN* | 641 292 468 | 546 239 346 | 530 539 680,48 | 82,73 |
| | CAIBIDIL 3 0 — IOMLÁN | 1 630 016 079 | 1 450 917 115 | 1 397 538 280,83 | 85,74 |
| | CAIBIDIL 3 1 | | | | |
| ***3 1 0*** | ***Díol maoine dochorraithe — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***3 1 1*** | ***Díol maoine eile*** | p.m. | p.m. | 144 380,66 | |
| ***3 1 2*** | ***Ligean agus foligean maoine dochorraithe ar cíos — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 27 451 500,23 | |
| | CAIBIDIL 3 1 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 27 595 880,89 | |

**CAIBIDIL 3 2 — IONCAM Ó SHOLÁTHAR EARRAÍ, SEIRBHÍSÍ AGUS OIBRE — IONCAM SANNTA**
**CAIBIDIL 3 3 — IONCAM RIARACHÁIN EILE**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 2 | | | | |
| **3 2 0** | ***Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre — Ioncam Sannta*** | | | | |
| 3 2 0 1 | Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre le haghaidh ranna eile laistigh den Choimisiún — Ioncam Sannta | p.m. | p.m. | 1 755 205,11 | |
| 3 2 0 2 | Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre le haghaidh institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais — Ioncam Sannta | p.m. | p.m. | 117 388 898,93 | |
| | *Airteagal 3 2 0 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | 119 144 104,04 | |
| **3 2 1** | ***Aisíocaíochtaí liúntas misean arna ndéanamh ag institiúidí nó comhlachtaí eile — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **3 2 2** | ***Ioncam ó thríú páirtithe i ndáil le hearraí, seirbhísí nó obair — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 1 029 445,10 | |
| | CAIBIDIL 3 2 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 120 173 549,14 | |
| | CAIBIDIL 3 3 | | | | |
| **3 3 0** | ***Aisíoc méideanna a íocadh go mícheart — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 12 398 737,98 | |
| **3 3 1** | ***Ioncam le haghaidh cuspóir sonrach (ioncam ó fhondúireachtaí, fóirdheontais, bronntanais agus tiomnachtaí) — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **3 3 3** | ***Íocaíochtaí árachais a fuarthas — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 13 621,59 | |
| **3 3 8** | ***Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 181 596 928,14 | |
| **3 3 9** | ***Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin*** | 5 000 000 | 5 000 000 | 7 308 011,45 | 146,16 |
| | CAIBIDIL 3 3 — IOMLÁN | 5 000 000 | 5 000 000 | 201 317 299,16 | 4 026,35 |
| | **Teideal 3 — IOMLÁN** | **1 635 016 079** | **1 455 917 115** | **1 746 625 010,02** | **106,83** |

COIMISIÚN

# TEIDEAL 3

# IONCAM RIARACHÁIN

## CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN

### *3 0 0 Cánacha agus tobhaigh*

3 0 0 0 Cáin ar an luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 905 072 731 | 827 082 382 | 792 665 250,78 |

*Barúlacha*

Is é atá san ioncam seo an cháin uile a thoibhítear ar thuarastail, ar phá agus ar dhíolaíochtaí de gach cineál, cé is moite de shochair agus liúntais teaghlaigh a íoctar le Comhaltaí den Choimisiún, le hoifigigh, le seirbhísigh eile agus le daoine a fhaigheann íocaíochtaí cúitimh ar fhoirceannadh na fostaíochta dá dtagraítear i gCaibidil 01 de gach teideal ar an ráiteas caiteachais agus le daoine a fhaigheann pinsean.

San áireamh san ioncam tá na suimeanna a bhaineann le riarachán an Choimisiúin, taighde agus forbairt theicneolaíoch, na hoifigí, na gníomhaireachtaí agus na comhghnóthais uile. San áireamh ann freisin tá na méideanna le haghaidh an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus an Chiste Eorpaigh Infheistíochta.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh An Aontais Eorpaigh

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile An Aontais Eorpaigh.

Prótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 12 de.

Rialachán Uimh. 422/67/CEE, Uimh. 5/67/Euratom ón gComhairle an 25 Iúil 1967 lena socraítear díolaíochtaí Uachtarán agus Chomhaltaí an Choimisiúin, Uachtarán, Bhreithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta agus Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir an Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh (IO L 187, 8.8.1967, lch. 1).

Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 260/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos na coinníollacha agus an nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm na cánach chun sochar na gComhphobal Eorpach (IO L 56, 4.3.1968, lch. 8).

Rialachán (CEGC, CEE, Euratom) Uimh. 1860/76 ón gComhairle an 29 Meitheamh 1976 lena leagtar síos Coinníollacha Fostaíochta Foirne an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (IO L 214, 6.8.1976, lch. 24).

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN** *(Ar lean.)*

***3 0 0*** *(Ar lean.)*

3 0 0 1 Tobhaigh speisialta ar an luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 83 650 880 | 77 595 387 | 74 333 349,57 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an mír seo taifead a dhéanamh ar na fáltais ón tobhach speisialta agus ón tobhach dlúthpháirtíochta ar thuarastail oifigeach agus seirbhíseach eile atá i bhfostaíocht ghníomhach i gcomhréir le hAirteagal 66a de na Rialacháin Foirne.

Cumhdaítear leis an mír seo freisin aon ioncam a eascraíonn ó mhéid iarmharach na ranníocaíochta sealadaí a cuireadh i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2003 ó thuarastail Chomhaltaí den Choimisiún, oifigeach agus seirbhíseach eile atá i bhfostaíocht ghníomhach.

Áirítear san ioncam na méideanna a bhaineann le riarachán an Choimisiúin, taighde agus forbairt theicneolaíoch, na hoifigí, na gníomhaireachtaí agus na comhghnóthais uile.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 66a díobh

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile An Aontais Eorpaigh.

Rialachán Uimh. 422/67/CEE, Uimh. 5/67/Euratom ón gComhairle an 25 Iúil 1967 lena socraítear díolaíochtaí Uachtarán agus Chomhaltaí an Choimisiúin, Uachtarán, Bhreithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta agus Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir an Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh (IO L 187, 8.8.1967, lch. 1).

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

***3 0 1*** ***Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin***

3 0 1 0 Ranníocaíochtaí na foirne leis an scéim pinsin

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 488 316 400 | 419 562 590 | 401 752 083,30 |

*Barúlacha*

Is é atá san ioncam seo na ranníocaíochtaí foirne chun an scéim pinsin a mhaoiniú.

San áireamh san ioncam tá na suimeanna a bhaineann le riarachán an Choimisiúin, taighde agus forbairt theicneolaíoch, na hoifigí, na gníomhaireachtaí agus na comhghnóthais uile.

COIMISIÚN

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN** *(Ar lean.)*

***3 0 1*** *(Ar lean.)*

3 0 1 0 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh An Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile An Aontais Eorpaigh.

Rialachán (CEGC, CEE, Euratom) Uimh. 1860/76 ón gComhairle an 29 Meitheamh 1976 lena leagtar síos Coinníollacha Fostaíochta Foirne an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (IO L 214, 6.8.1976, lch. 24).

3 0 1 1 Cearta pinsin á n-aistriú nó á gceannach ag an bhfoireann

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 82 706 311 | 61 690 172 | 57 886 563,24 |

*Barúlacha*

Is é atá san ioncam seo an choibhéis achtúireach nó luach fuascailte cothromráta na gceart pinsin a fuair oifigigh ina bpoist roimhe sin arna íoc leis an Aontas.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh An Aontais Eorpaigh.

3 0 1 2 Ranníocaíochtaí na foirne atá ar saoire leis an scéim pinsin

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 100 000 | 100 000 | 55 463,69 |

*Barúlacha*

I gcásanna áirithe, féadfaidh oifigigh agus seirbhísigh eile a ghlacann saoire leanúint de bheith ag fáil cearta pinsin ar an gcoinníoll go ranníocann siad leis an scéim pinsean.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh An Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile An Aontais Eorpaigh.

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN** *(Ar lean.)*

***3 0 1*** *(Ar lean.)*

3 0 1 3 Ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí díláraithe agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 70 169 757 | 64 886 584 | 70 845 570,25 |

*Barúlacha*

Is é atá san ioncam seo ranníocaíocht an fhostóra ó ghníomhaireachtaí díláraithe agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta leis an scéim pinsin.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh An Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile An Aontais Eorpaigh.

**CAIBIDIL 3 1 — IONCAM NASCTHA LE MAOIN**

***3 1 0*** ***Díol maoine dochorraithe — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ioncam ó dhíol maoine dochorraithe de chuid na hinstitiúide.

I gcomhréir le hAirteagal 21(3), pointe (e), den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

***3 1 1*** ***Díol maoine eile***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 144 380,66 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ioncam ó dhíol maoine eile de chuid na n-institiúidí nó óna páirtmhalartú.

**CAIBIDIL 3 1 — IONCAM NASCTHA LE MAOIN** *(Ar lean.)*

***3 1 1*** *(Ar lean.)*

Déantar taifead ann freisin ar na fáltais ó dhíol feithiclí, trealaimh, suiteálacha, ábhar, agus gairis eolaíochta agus teicneolaíochta, ar nithe iad atá á n-athsholáthar nó á gcur á mbriseadh nuair atá an luach de réir na leabhar dímheasta ina iomláine.

***3 1 2*** ***Ligean agus foligean maoine dochorraithe ar cíos — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 27 451 500,23 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ioncam ó mhaoin dhochorraithe arna ligean ar cíos agus arna foligean, ó aisíoc muirear agus ó íocaíochtaí a bhaineann le ligin.

I gcomhréir le hAirteagal 21(3), pointe (e), den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

**CAIBIDIL 3 2 — IONCAM Ó SHOLÁTHAR EARRAÍ, SEIRBHÍSÍ AGUS OIBRE — IONCAM SANNTA**

***3 2 0*** ***Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre — Ioncam Sannta***

3 2 0 1 Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre le haghaidh ranna eile laistigh den Choimisiún — Ioncam Sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 1 755 205,11 |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3), pointe (c), den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

3 2 0 2 Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre le haghaidh institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais — Ioncam Sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 117 388 898,93 |

**CAIBIDIL 3 2 — IONCAM Ó SHOLÁTHAR EARRAÍ, SEIRBHÍSÍ AGUS OIBRE — IONCAM SANNTA** *(Ar lean.)*

***3 2 0*** *(Ar lean.)*

3 2 0 2 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3), pointe (c), den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

***3 2 1*** ***Aisíocaíochtaí liúntas misean arna ndéanamh ag institiúidí nó comhlachtaí eile — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ioncam ó aisíocaíochtaí liúntas misean arna n-íoc thar ceann institiúidí nó comhlachtaí eile.

I gcomhréir le hAirteagal 21(3), pointe (c), den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

***3 2 2*** ***Ioncam ó thríú páirtithe i ndáil le hearraí, seirbhísí nó obair — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 1 029 445,10 |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3), pointe (a), den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

**CAIBIDIL 3 3 — IONCAM RIARACHÁIN EILE**

***3 3 0*** ***Aisíoc méideanna a íocadh go mícheart — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 12 398 737,98 |

COIMISIÚN

**CAIBIDIL 3 3 — IONCAM RIARACHÁIN EILE** *(Ar lean.)*

***3 3 0*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3), pointe (b), den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

***3 3 1*** ***Ioncam le haghaidh cuspóir sonrach (ioncam ó fhondúireachtaí, fóirdheontais, bronntanais agus tiomnachtaí) — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(2), pointe (d), den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

***3 3 3*** ***Íocaíochtaí árachais a fuarthas — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 13 621,59 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo chomh maith ioncam a eascraíonn as aisíocaíocht arna déanamh ag cuideachtaí árachais ar thuarastail na n-oifigeach ar tharla tionóiscí dóibh a thaifeadadh.

I gcomhréir le hAirteagal 21(3), pointe (d), den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

***3 3 8*** ***Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 181 596 928,14 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile a bhaineann le hoibríochtaí riaracháin na hinstitiúide.

**CAIBIDIL 3 3 — IONCAM RIARACHÁIN EILE** *(Ar lean.)*

***3 3 8*** *(Ar lean.)*

I gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

***3 3 9*** ***Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 5 000 000 | 5 000 000 | 7 308 011,45 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin.

COIMISIÚN

*TEIDEAL 4*

## IONCAM AIRGEADAIS, ÚS MAINNEACHTANA AGUS FÍNEÁLACHA

**CAIBIDIL 4 0 — IONCAM Ó INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS CUNTAIS**
**CAIBIDIL 4 1 — ÚS MAINNEACHTANA**
**CAIBIDIL 4 2 — FÍNEÁLACHA AGUS PIONÓIS**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 4 0 | | | | |
| **4 0 0** | ***Ioncam ó infheistíochtaí, iasachtaí a tugadh agus cuntais bhainc*** | 30 000 000 | 2 000 000 | – 570 693,71 | – 1,90 |
| **4 0 1** | ***Ús a eascraíonn as réamh-mhaoiniú*** | 10 000 000 | 10 000 000 | 3 550 062,09 | 35,50 |
| **4 0 2** | ***Ioncam a ghintear ar chuntais iontaobhais — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **4 0 3** | ***Ús ar thaiscí faoi chuimsiú rialachas eacnamaíoch an Aontais — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **4 0 4** | ***Díbhinní arna n-íoc ag an gCiste Eorpach Infheistíochta*** | 3 013 107 | 2 775 000 | 4 384 245,47 | 145,51 |
| **4 0 9** | ***Ús eile agus ioncam*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 4 0 — IOMLÁN | 43 013 107 | 14 775 000 | 7 363 613,85 | 17,12 |
| | CAIBIDIL 4 1 | | | | |
| **4 1 0** | ***Ús mainneachtana i leith acmhainní dílse arna gcur ar fáil ag na Ballstáit*** | 5 000 000 | 5 000 000 | 41 816 911,97 | 836,34 |
| **4 1 9** | ***Ús mainneachtana eile*** | p.m. | p.m. | 752 113,35 | |
| | CAIBIDIL 4 1 — IOMLÁN | 5 000 000 | 5 000 000 | 42 569 025,32 | 851,38 |
| | CAIBIDIL 4 2 | | | | |
| **4 2 0** | ***Fíneálacha a bhaineann le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta*** | 100 000 000 | 37 475 941 | 395 135 235,50 | 395,14 |
| **4 2 1** | ***Íocaíochtaí pionósacha agus cnapshuimeanna arna bhforchur ar Bhallstát*** | p.m. | 148 411 968 | 136 977 059,58 | |
| **4 2 2** | ***Fíneálacha a fhorchuirtear i leith calaois agus neamhrialtachtaí a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **4 2 3** | ***Fíneálacha faoi chuimsiú rialachas eacnamaíoch an Aontais — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |

**CAIBIDIL 4 2 — FÍNEÁLACHA AGUS PIONÓIS** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **4 2 4** | ***Ús a bhaineann le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha*** | 1 000 000 | 576 260 | 9 728 086,25 | 972,81 |
| **4 2 5** | ***Ús, agus muirir eile atá dlite agus torthaí diúltacha ar fhíneálacha a cealaíodh nó a laghdaíodh*** | p.m. | p.m. | | |
| **4 2 8** | ***Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha eile — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 371 405,— | |
| **4 2 9** | ***Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha neamhshannta eile*** | p.m. | 503 991 500 | 3 332 279,37 | |
| | CAIBIDIL 4 2 — IOMLÁN | 101 000 000 | 690 455 669 | 545 544 065,70 | 540,14 |
| | **Teideal 4 — IOMLÁN** | **149 013 107** | **710 230 669** | **595 476 704,87** | **399,61** |

COIMISIÚN

## TEIDEAL 4

## IONCAM AIRGEADAIS, ÚS MAINNEACHTANA AGUS FÍNEÁLACHA

### CAIBIDIL 4 0 — IONCAM Ó INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS CUNTAIS

#### 4 0 0 *Ioncam ó infheistíochtaí, iasachtaí a tugadh agus cuntais bhainc*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 30 000 000 | 2 000 000 | – 570 693,71 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ioncam ó infheistíochtaí nó iasachtaí arna ndeonú, ús bainc agus ús eile a chuirtear de shochar nó de dhochar as cuntais na hinstitiúide.

#### 4 0 1 *Ús a eascraíonn as réamh-mhaoiniú*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 10 000 000 | 10 000 000 | 3 550 062,09 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ioncam ó ús a eascraíonn as réamh-mhaoiniú.

#### 4 0 2 *Ioncam a ghintear ar chuntais iontaobhais — Ioncam sannta*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ús agus ioncam eile a ghintear ar chuntais iontaobhais.

Institiúidí airgeadais idirnáisiúnta a bhainistíonn cláir an Aontais (an Ciste Eorpach Infheistíochta, an Banc Eorpach Infheistíochta, Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa/Kreditanstalt für Wiederaufbau, an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha), coimeádann siad na cuntais iontaobhais thar ceann an Aontais. Na méideanna arna n-íoc isteach ag an Aontas, fanfaidh siad sna cuntais go dtí go gcuirfear ar fáil iad do na tairbhithe faoin gclár aonair, amhail fiontair bheaga agus mheánmhéide nó institiúidí a bhainistíonn tionscadail i dtíortha aontachais.

I gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais, ús a ghintear ar chuntais iontaobhais arna n-úsáid le haghaidh chláir an Aontais, úsáidtear é chun leithreasuithe breise a sholáthar sna línte lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

**CAIBIDIL 4 0 — IONCAM Ó INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS CUNTAIS** *(Ar lean.)*

***4 0 2*** *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1) agus go háirithe Airteagal 21(5) de.

***4 0 3*** ***Ús ar thaiscí faoi chuimsiú rialachas eacnamaíoch an Aontais — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo ús ar thaiscí a chur san áireamh faoi chuimsiú rialachas eacnamaíoch an Aontais.

I gcomhréir le hAirteagal 21(2), pointe (c), den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6), agus go háirithe Airteagal 16 de.

***4 0 4*** ***Díbhinní arna n-íoc ag an gCiste Eorpach Infheistíochta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 013 107 | 2 775 000 | 4 384 245,47 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo aon díbhinn arna híoc ag an gCiste Eorpach Infheistíochta i leith ranníocaíocht an Aontais.

*Bunús dlí*

Cinneadh 94/375/CE ón gComhairle an 6 Meitheamh 1994 maidir le ballraíocht an Chomhphobail sa Chiste Eorpach Infheistíochta (IO L 173, 7.7.1994, lch. 12).

COIMISIÚN

**CAIBIDIL 4 0 — IONCAM Ó INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS CUNTAIS** *(Ar lean.)*

**4 0 4** *(Ar lean.)*

Cinneadh 2007/247/CE ón gComhairle an 19 Aibreán 2007 maidir le rannpháirtíocht an Chomhphobail sa mhéadú caipitil ar an gCiste Eorpach Infheistíochta (IO L 107, 25.4.2007, lch. 5).

Cinneadh Uimh. 562/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh sa mhéadú caipitil ar an gCiste Eorpach Infheistíochta (IO L 156, 24.5.2014, lch. 1).

**4 0 9** ***Ús eile agus ioncam***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo gach ús agus ioncam airgeadais féideartha eile nach liostaítear faoin gcaibidil seo a chur san áireamh.

**CAIBIDIL 4 1 — ÚS MAINNEACHTANA**

**4 1 0** ***Ús mainneachtana i leith acmhainní dílse arna gcur ar fáil ag na Ballstáit***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 5 000 000 | 5 000 000 | 41 816 911,97 |

*Barúlacha*

Is é an toradh a bheidh ar aon mhoill a dhéanann Ballstát an iontráil a dhéanamh sa chuntas a osclaíodh in ainm an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE Euratom) Uimh. 609/2014, go n-íocfaidh an Ballstát lena mbaineann ús. Tarscaoilfear aisghabháil méideanna úis faoi bhun EUR 500, áfach.

I gcás acmhainní dílse atá bunaithe ar CBL agus OIN, ní bheidh ús iníoctha ach amháin i ndáil le moilleanna ar mhéideanna dá dtagraítear in Airteagal 12(2) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 a iontráil.

I gcás acmhainní dílse atá bunaithe ar an dramhaíl ó phacáistíocht nach ndéantar athchúrsáil uirthi, ní bheidh ús iníoctha ach amháin i ndáil le moilleanna ar mhéideanna dá dtagraítear in Airteagal 11(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2021/770 a iontráil.

I gcás ina mbeidh Ballstáit ina gcuid den Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, beidh an ráta úis cothrom leis an ráta mar a fhoilsítear é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, sraith C, a chuir an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin ar an gcéad lá den mhí a bhí an dáta dlite, nó 0 faoin gcéad, cibé acu is airde, méadaithe faoi 2,5 pointe céatadáin. Méadófar an ráta sin faoi 0,25 de phointe céatadáin gach mí den mhoill.

**CAIBIDIL 4 1 — ÚS MAINNEACHTANA** *(Ar lean.)*

**4 1 0** *(Ar lean.)*

I gcás nach mbeidh Ballstáit ina chuid den Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, beidh an ráta úis cothrom leis an ráta arna chur i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí a bheidh i gceist ag na bainc cheannais dá bpríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, nó 0 faoin gcéad, cibé acu is airde, méadaithe faoi 2,5 pointe céatadáin. I gcás na mBallstát nach mbeidh fáil ar ráta an bhainc ceannais ina leith, beidh an ráta úis cothrom leis an ráta is coibhéisí arna chur i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí i gceist maidir le margadh airgid an Bhallstáit, nó 0 faoin gcéad, cibé acu is airde, méadaithe faoi 2,5 pointe céatadáin. Méadófar an ráta sin faoi 0,25 de phointe céatadáin gach mí den mhoill.

Ní mó ná 16 phointe céatadáin a bheidh sa mhéadú iomlán. Beidh feidhm ag an ráta méadaithe maidir le tréimhse iomlán na moille.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta, CBL agus OTI-bhunaithe a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh (IO L 168, 7.6.2014, lch. 39) agus go háirithe Airteagal 12 de.

Rialachán (AE, Euratom) 2021/770 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 maidir le ríomh na hacmhainne dílse bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach nach ndéantar athchúrsáil uirthi, maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun an acmhainn dhílis sin a chur ar fáil, maidir le bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh, agus maidir le gnéithe áirithe den acmhainn dhílis bunaithe ar ollioncam náisiúnta (IO L 165, 11.5.2021, lch. 15) agus go háirithe Airteagal 11 de.

**4 1 9** ***Ús mainneachtana eile***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 752 113,35 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ús mainneachtana ar theidlíochtaí seachas acmhainní dílse.

*Bunús dlí*

Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (IO L 1, 3.1.1994, lch. 3) agus go háirithe Airteagal 2(5) de Phrótacal 32 de.

Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle an 11 Iúil 2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe (IO L 210, 31.7.2006, lch. 25), agus go háirithe Airteagal 102 de.

Rialachán (CE) Uimh. 1828/2006 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2006 lena leagtar amach rialacha i ndáil le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus rialacha i ndáil le cur chun feidhme Rialachán (CE) 1080/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (IO L 371, 27.12.2006, lch. 1.).

**CAIBIDIL 4 1 — ÚS MAINNEACHTANA** *(Ar lean.)*

**4 1 9** *(Ar lean.)*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1) agus go háirithe Airteagal 99 de.

**CAIBIDIL 4 2 — FÍNEÁLACHA AGUS PIONÓIS**

**4 2 0** ***Fíneálacha a bhaineann le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 100 000 000 | 37 475 941 | 395 135 235,50 |

*Barúlacha*

Féadfaidh an Coimisiún fíneálacha, íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla agus pionóis eile a fhorchur ar ghnóthais agus ar chomhlachais gnóthas as gan toirmisc a urramú nó as gan a n-oibleagáidí a chur i gcrích faoi na Rialacháin a áirítear thíos nó faoi Airteagail 101 agus 102 de CFAE.

Ní mór de ghnáth na fíneálacha a íoc laistigh de 3 mhí ó fhógra a bheith tugtha faoin gcinneadh ón gCoimisiún. Ní bhaileoidh an Coimisiún an méid atá dlite, áfach, má tá achomharc taiscthe ag an ngnóthas le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ní mór don ghnóthas íocaíocht shealadach nó ráthaíocht airgeadais a thabhairt don Choimisiún, íocaíocht nó ráthaíocht lena gcumhdaítear príomhshuim an fhéich agus an úis nó na bhformhuirear, faoin dáta deiridh le haghaidh íocaíochta.

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (an Rialachán um Chumaisc CE) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1) agus go háirithe Airteagail 14 agus 15 de.

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lch. 1).

Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (IO L 330, 23.12.2022, lch. 1).

**CAIBIDIL 4 2 — FÍNEÁLACHA AGUS PIONÓIS** *(Ar lean.)*

### 4 2 1 *Íocaíochtaí pionósacha agus cnapshuimeanna arna bhforchur ar Bhallstát*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | 148 411 968 | 136 977 059,58 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar íocaíochtaí pionósacha agus cnapshuimeanna arna bhforchur ar Bhallstát, as gan breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh i leith a mhainneachtana in oibleagáid faoin gConradh a chomhlíonadh, mar shampla.

*Bunús dlí*

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 260(2) de.

### 4 2 2 *Fíneálacha a fhorchuirtear i leith calaois agus neamhrialtachtaí a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar fhíneálacha a eascraíonn ó bhearta arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun aghaidh a thabhairt ar neamhrialtachtaí arna mbrath faoi chuimsiú chosaint leasanna airgeadais an Aontais.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 1294/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear clár gníomhaíochta um chustam san Aontas Eorpach don tréimhse 2014-2020 (Custam 2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 624/2007/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 209).

### 4 2 3 *Fíneálacha faoi chuimsiú rialachas eacnamaíoch an Aontais — Ioncam sannta*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar fhíneálacha faoi chuimsiú rialachas eacnamaíoch an Aontais.

I gcomhréir le hAirteagal 21(2), pointe (c), den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

COIMISIÚN

**CAIBIDIL 4 2 — FÍNEÁLACHA AGUS PIONÓIS** *(Ar lean.)*

**4 2 3** *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6), agus go háirithe Airteagal 16 de.

Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le faireachas buiséadach a fhorfheidhmiú go héifeachtach sa limistéar euro (IO L 306, 23.11.2011, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 1174/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le bearta forfheidhmiúcháin chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha sa limistéar euro a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 8).

**4 2 4** ***Ús a bhaineann le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 000 000 | 576 260 | 9 728 086,25 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ús fabhraithe ar chuntais speisialta le haghaidh fíneálacha agus ús mainneachtana a bhaineann le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha, lena n-áirítear íocaíochtaí pionósacha a bhaineann leis na Ballstáit.

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1) agus go háirithe Airteagail 14 agus 15 de.

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1) agus go háirithe Airteagal 99 de.

**4 2 5** ***Ús, agus muirir eile atá dlite agus torthaí diúltacha ar fhíneálacha a cealaíodh nó a laghdaíodh***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | |

**CAIBIDIL 4 2 — FÍNEÁLACHA AGUS PIONÓIS** *(Ar lean.)*

**4 2 5** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar aon ús nó aon mhuirear eile atá dlite, lena n-áirítear torthaí diúltacha, i gcás ina ndéanann Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh fíneáil nó íocaíochta pionósaí faoi CFAE nó faoi Chonradh Euratom a chealú nó a laghdú. Asbhaintear na méideanna sin ó thaobh an ioncaim de bhuiséad an Aontais (ioncam diúltach).

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 48 de sin.

*Gníomhartha tagartha*

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna thíolacadh ag an gCoimisiún an 22 Aibreán 2022, lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (COM(2022)184 final).

**4 2 8** ***Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha eile — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 371 405,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, aon ioncam nach ndéantar foráil maidir leis i gcodanna eile de Chaibidil 4 2 a chur san áireamh, arb ioncam é a úsáidtear chun leithreasuithe breise a sholáthar lena maoineofar an caiteachas a bhfuil an t-ioncam sannta sin dó.

**4 2 9** ***Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha neamhshannta eile***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | 503 991 500 | 3 332 279,37 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo aon ioncam nach ndéantar foráil maidir leis i gcodanna eile de Chaibidil 4 2 a chur san áireamh, arb ioncam é nach n-úsáidtear i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais.

COIMISIÚN

*TEIDEAL 5*

## RÁTHAÍOCHTAÍ BUISÉADACHA, OIBRÍOCHTAÍ TRÍNA BHFAIGHTEAR AGUS TRÍNA DTUGTAR IASACHTAÍ

**CAIBIDIL 5 0 — RÁTHAÍOCHT AN AONTAIS EORPAIGH MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ TRÍNA BHFAIGHTEAR AGUS TRÍNA DTUGTAR IASACHTAÍ SNA BALLSTÁIT**

**CAIBIDIL 5 1 — RÁTHAÍOCHT AN AONTAIS EORPAIGH MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ I DTRÍÚ TÍORTHA AGUS MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ TRÍNA BHFAIGHTEAR AGUS TRÍNA DTUGTAR IASACHTAÍ IONTU**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 5 0 | | | | |
| ***5 0 0*** | ***Ráthaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le hiasachtaí an Aontais le haghaidh tacaíocht do chomhardú na n-íocaíochtaí*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***5 0 1*** | ***Ráthaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le hiasachtaí Euratom*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***5 0 2*** | ***Ráthaíocht an Aontais maidir le hiasachtaí an Aontais le haghaidh cúnamh airgeadais faoi EFSM*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***5 0 3*** | ***An Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE)*** | | | | |
| 5 0 3 0 | An Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 5 0 3 1 | An Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) — Ioncam neamhshannta | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 5 0 3 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***5 0 4*** | ***Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI)*** | | | | |
| 5 0 4 0 | Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 62 203 046 101,50 | |
| 5 0 4 1 | Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) — Ioncam neamhshannta | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 5 0 4 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | 62 203 046 101,50 | |
| | CAIBIDIL 5 0 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 62 203 046 101,50 | |
| | CAIBIDIL 5 1 | | | | |
| ***5 1 0*** | ***An Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 5 1 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |

**CAIBIDIL 5 2 — FÓIRDHEONTAIS ÚIS**
**CAIBIDIL 5 3 — BARRACHAS ÓN GCISTE DON SOLÁTHAR COITEANN**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 5 2 | | | | |
| ***5 2 0*** | ***Fóirdheontais úis atá nasctha le hiasachtaí cúnaimh macrairgeadais don Úcráin*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 5 2 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 5 3 | | | | |
| ***5 3 0*** | ***Aisíocaíocht leis an mbuiséad i gcás barrachas ón gciste don soláthar coiteann*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 5 3 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Teideal 5 — IOMLÁN** | **p.m.** | **p.m.** | **62 203 046 101,50** | |

COIMISIÚN

# TEIDEAL 5

# RÁTHAÍOCHTAÍ BUISÉADACHA, OIBRÍOCHTAÍ TRÍNA BHFAIGHTEAR AGUS TRÍNA DTUGTAR IASACHTAÍ

## CAIBIDIL 5 0 — RÁTHAÍOCHT AN AONTAIS EORPAIGH MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ TRÍNA BHFAIGHTEAR AGUS TRÍNA DTUGTAR IASACHTAÍ SNA BALLSTÁIT

### 5 0 0 *Ráthaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le hiasachtaí an Aontais le haghaidh tacaíocht do chomhardú na n-íocaíochtaí*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Is le haghaidh iasachtaí a thiomsaítear ar na margaí caipitil nó a thiomsaítear ó institiúidí airgeadais atá ráthaíocht an Aontais. Teorainn EUR 50 000 000 000 a bheidh le méid phríomhshuim na n-iasachtaí is féidir a dheonú dá éis sin do na Ballstáit.

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar aon ioncam a eascraíonn as cearta a fheidhmiú i ndáil le ráthaíocht faoi Mhír 16 04 01 01 den ráiteas caiteachais sa roinn seo, ar choinníoll nach ndearnadh an t-ioncam sin a asbhaint ó chaiteachas.

San Iarscríbhinn 'Oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí' a ghabhann leis an ráiteas caiteachais sa roinn seo, tugtar achoimre ar oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí, lena n-áirítear bainistiú fiach i gcaipiteal agus in ús.

*Bunús dlí*

Le haghaidh an bhunúis dlí, féach na barúlacha maidir le Mír 16 04 01 01 den ráiteas caiteachais sa roinn seo.

### 5 0 1 *Ráthaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le hiasachtaí Euratom*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar aon ioncam a eascraíonn as cearta a fheidhmiú i ndáil le ráthaíocht faoi Mhír 16 04 02 01 den ráiteas caiteachais sa roinn seo, ar choinníoll nach ndearnadh an t-ioncam sin a asbhaint ó chaiteachas.

San Iarscríbhinn 'Oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí' a ghabhann leis an ráiteas caiteachais sa roinn seo, tugtar achoimre ar oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí, lena n-áirítear bainistiú fiach i gcaipiteal agus in ús.

**CAIBIDIL 5 0 — RÁTHAÍOCHT AN AONTAIS EORPAIGH MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ TRÍNA BHFAIGHTEAR AGUS TRÍNA DTUGTAR IASACHTAÍ SNA BALLSTÁIT** *(Ar lean.)*

***5 0 1*** *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Le haghaidh an bhunúis dlí, féach na barúlacha maidir le Mír 16 04 02 01 den ráiteas caiteachais sa roinn seo.

***5 0 2*** ***Ráthaíocht an Aontais maidir le hiasachtaí an Aontais le haghaidh cúnamh airgeadais faoi EFSM***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Is le haghaidh iasachtaí a thiomsaítear ar na margaí caipitil nó a thiomsaítear ó institiúidí airgeadais faoin Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach atá ráthaíocht an Aontais. Méid gan íoc na n-iasachtaí nó na línte creidmheasa atá le deonú do na Ballstáit laistigh de na teorainneacha dá bhforáiltear sa bhunús dlí.

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar aon ioncam a eascraíonn as cearta a fheidhmiú i ndáil le ráthaíocht faoi Mhír 16 04 03 01, ar choinníoll nach ndearnadh an t-ioncam sin a asbhaint ó chaiteachas.

San Iarscríbhinn ‘Oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí’ a ghabhann leis an ráiteas caiteachais sa roinn seo, tugtar achoimre ar oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí, lena n-áirítear bainistiú fiach i gcaipiteal agus in ús.

*Bunús dlí*

Le haghaidh an bhunúis dlí, féach na barúlacha maidir le Mír 16 04 03 01 den ráiteas caiteachais sa roinn seo.

***5 0 3*** ***An Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE)***

5 0 3 0 An Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) — Ioncam sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an mír seo taifead a dhéanamh ar aon ioncam a eascraíonn as cearta a fheidhmiú i ndáil le ráthaíocht faoi Mhír 16 04 04 01 den ráiteas caiteachais sa roinn seo, ar choinníoll nach ndearnadh an t-ioncam sin a asbhaint ó chaiteachas.

**CAIBIDIL 5 0 — RÁTHAÍOCHT AN AONTAIS EORPAIGH MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ TRÍNA BHFAIGHTEAR AGUS TRÍNA DTUGTAR IASACHTAÍ SNA BALLSTÁIT** *(Ar lean.)*

***5 0 3*** *(Ar lean.)*

5 0 3 0 *(Ar lean.)*

Méid gan íoc na n-iasachtaí nó na línte creidmheasa atá le deonú do na Ballstáit laistigh de na teorainneacha dá bhforáiltear sa bhunús dlí. Ranníocaíochtaí leis an ionstraim sin, ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a bheidh sna ranníocaíochtaí sin.

San Iarscríbhinn 'Oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí' a ghabhann leis an ráiteas caiteachais sa roinn seo, tugtar achoimre ar oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí, lena n-áirítear bainistiú fiach i gcaipiteal agus in ús.

*Bunús dlí*

Le haghaidh an bhunúis dlí, féach na barúlacha maidir le Mír 16 04 04 01 den ráiteas caiteachais sa roinn seo.

5 0 3 1 An Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) — Ioncam neamhshannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an mír seo aon ioncam a chur san áireamh atá nasctha leis an Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála, arb ioncam é nach n-úsáidtear i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais.

San Iarscríbhinn 'Oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí' a ghabhann leis an ráiteas caiteachais sa roinn seo, tugtar achoimre ar oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí, lena n-áirítear bainistiú fiach i gcaipiteal agus in ús.

*Bunús dlí*

Le haghaidh an bhunúis dlí, féach na barúlacha maidir le Mír 16 04 04 01 den ráiteas caiteachais sa roinn seo.

***5 0 4*** ***Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI)***

5 0 4 0 Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) — Ioncam sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 62 203 046 101,50 |

**CAIBIDIL 5 0 — RÁTHAÍOCHT AN AONTAIS EORPAIGH MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ TRÍNA BHFAIGHTEAR AGUS TRÍNA DTUGTAR IASACHTAÍ SNA BALLSTÁIT** *(Ar lean.)*

***5 0 4*** *(Ar lean.)*

5 0 4 0 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Ioncam sannta arna iontráil faoin mír seo faoi Rialachán (AE) 2020/2094, Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI), maoinítear é ar bhonn an chumhachtaithe in Airteagal 5 de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1), maoiniú dar luach EUR 421 070 056 298 san iomlán. Is é a bheidh de thoradh air sin go soláthrófar leithreasuithe faoi na teidil ábhartha ar an taobh caiteachais den bhuiséad..

Na méideanna a luaitear i nótaí tráchta buiséid na línte buiséid ábhartha ar an taobh caiteachais den bhuiséad, soláthraítear faisnéis leo maidir leis an méid iomlán i ndáil leis an gclár atá i gceist.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 23).

5 0 4 1 Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) — Ioncam neamhshannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an mír seo aon ioncam atá nasctha le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh, arb ioncam é nach n-úsáidtear i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 23).

**CAIBIDIL 5 1 — RÁTHAÍOCHT AN AONTAIS EORPAIGH MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ I DTRÍÚ TÍORTHA AGUS MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ TRÍNA BHFAIGHTEAR AGUS TRÍNA DTUGTAR IASACHTAÍ IONTU**

***5 1 0*** ***An Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

COIMISIÚN

**CAIBIDIL 5 1 — RÁTHAÍOCHT AN AONTAIS EORPAIGH MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ I DTRÍÚ TÍORTHA AGUS MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ TRÍNA BHFAIGHTEAR AGUS TRÍNA DTUGTAR IASACHTAÍ IONTU** *(Ar lean.)*

***5 1 0*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá feidhm ráthaíocht an Aontais maidir le hoibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí le haghaidh tríú tíortha agus maidir le hiasachtaí agus oibríochtaí eile arna ndeonú ag bunaíochtaí airgeadais i dtríú tíortha. Leis an airteagal seo freisin taifeadtar na hioncaim a eascraíonn as ráthaíochtaí seachtracha a tugadh roimhe.

Cumhdaítear leis an airteagal seo an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha, lena n-áirítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+), ráthaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le cláir iasachtaíochta arna gconrú ag an Aontas chun cúnamh macra-airgeadais a sholáthar do thríú tíortha agus an ráthaíocht maidir le hiasachtaí Euratom chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar shábháilteacht na stáisiún cumhachta núicléiche i dtíortha i lár agus in Oirthear na hEorpa agus i gComhlathas na Stát Neamhspleách. Cumhdaítear leis freisin ráthaíochtaí an Aontais Eorpaigh maidir le hiasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta le haghaidh tríú tíortha agus na ráthaíochtaí maidir le cúnamh macra-airgeadais agus maidir le hiasachtaí Euratom arna ndeonú faoi CAInna roimhe seo, chomh maith le ráthaíocht an Aontais Eorpaigh le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI).

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar aon ioncam a eascraíonn as cearta a fheidhmiú i ndáil le ráthaíocht faoi Mhír 14 20 03 02 den ráiteas caiteachais sa roinn seo, ar choinníoll nach ndearnadh an t-ioncam sin a asbhaint ó chaiteachas.

San Iarscríbhinn 'Oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí' a ghabhann leis an roinn seo, tugtar achoimre ar oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí, lena n-áirítear bainistiú fiach i gcaipiteal agus in ús.

*Bunús dlí*

Le haghaidh an bhunúis dlí, féach na barúlacha maidir le Mír 14 20 03 02 den ráiteas caiteachais sa roinn seo.

**CAIBIDIL 5 2 — FÓIRDHEONTAIS ÚIS**

***5 2 0*** ***Fóirdheontais úis atá nasctha le hiasachtaí cúnaimh macrairgeadais don Úcráin***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Ábhar nua

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo ioncam a thaifeadadh a bhfuil sé mar aidhm aige fóirdheontas ráta úis a dheonú le haghaidh iasachtaí cúnaimh macrairgeadais don Úcráin.

Leis an airteagal seo féadfar a chur san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, ioncam sannta a úsáidtear chun leithreasuithe breise a sholáthar lena maoineofar an caiteachas a bhfuil an t-ioncam sannta sin dó.

**CAIBIDIL 5 2 — FÓIRDHEONTAIS ÚIS** *(Ar lean.)*

***5 2 0*** *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Maidir leis an mbunús dlí, féach na barúlacha le haghaidh Airteagal 14 07 01 den ráiteas caiteachais sa Roinn seo.

**CAIBIDIL 5 3 — BARRACHAS ÓN GCISTE DON SOLÁTHAR COITEANN**

***5 3 0*** ***Aisíocaíocht leis an mbuiséad i gcás barrachas ón gciste don soláthar coiteann***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo aon bharrachas a fháil maidir le soláthar ráthaíochtaí buiséadacha nó cúnamh airgeadais do thríú tíortha atá sa chiste don soláthar coiteann i gcomhréir le hAirteagal 213(4), pointe (a), den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, leis an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus leis an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 — an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (IO L 169, 1.7.2015, lch. 1) agus go háirithe Airteagal 12 de.

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1) agus go háirithe Airteagal 213(4), pointe (a), de.

Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

Cinneadh (AE) 2022/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2022 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin, lena ndaingnítear an ciste don soláthar coiteann le ráthaíochtaí ó na Ballstáit agus le soláthar sonrach le haghaidh roinnt dliteanas airgeadais a bhaineann leis an Úcráin arna ráthú faoi Chinneadh Uimh. 466/2014/AE, agus lena leasaítear Cinneadh (AE) 2022/1201 (IO L 245, 22.9.2022, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 14(2) agugus (3) de.

COIMISIÚN

*TEIDEAL 6*

## IONCAM, RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE BEARTAIS AN AONTAIS

### CAIBIDIL 6 0 — AN MARGADH AONAIR, NUÁLAÍOCHT AGUS INNEACHAR DIGITEACH

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 6 0 | | | | |
| **6 0 1** | ***Taighde agus Nuálaíocht*** | | | | |
| 6 0 1 0 | Fís Eorpach — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 571 333 155,33 | |
| 6 0 1 1 | Clár Taighde agus Oiliúna Euratom — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 3 332 009,06 | |
| 6 0 1 2 | Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER) — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 6 0 1 3 | Imoibritheoir ardfhlosca — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 6 701 000,— | |
| 6 0 1 4 | An Ciste Taighde um Ghual agus Cruach — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 4 848 454,09 | |
| | *Airteagal 6 0 1 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | 586 214 618,48 | |
| **6 0 2** | ***Infheistíochtaí Straitéiseacha Eorpacha*** | | | | |
| 6 0 2 0 | Ciste InvestEU — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 342 339 183,68 | |
| 6 0 2 1 | An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 27 045 118,57 | |
| 6 0 2 2 | An Clár don Eoraip Dhigiteach — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 6 0 2 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | 369 384 302,25 | |
| **6 0 3** | ***An Margadh Aonair*** | | | | |
| 6 0 3 0 | Clár an Mhargaidh Aonair — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 3 853 825,99 | |
| 6 0 3 1 | Clár Frithchalaoise an Aontais — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 759 156,66 | |
| 6 0 3 2 | Comhar i réimse an chánachais — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 2 655 976,87 | |
| 6 0 3 3 | Comhar i réimse an chustaim — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 4 369 701,94 | |
| | *Airteagal 6 0 3 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | 11 638 661,46 | |

**CAIBIDIL 6 0 — AN MARGADH AONAIR, NUÁLAÍOCHT AGUS INNEACHAR DIGITEACH** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL 6 1 — COMHTHÁTHÚ, ATHLÉIMNEACHT AGUS LUACHANNA**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***6 0 4*** | ***An spás*** | | | | |
| 6 0 4 1 | Clár Spáis an Aontais — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 8 065,09 | |
| 6 0 4 2 | Clár an Aontais um Nascacht Shlán — Ioncam sannta | p.m. | | | |
| | *Airteagal 6 0 4 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | 8 065,09 | |
| ***6 0 9*** | ***An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach — Ioncam neamhshannta*** | p.m. | p.m. | 1 395 272,99 | |
| | CAIBIDIL 6 0 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 968 640 920,27 | |
| | CAIBIDIL 6 1 | | | | |
| ***6 1 0*** | ***Forbairt agus comhtháthú réigiúnach*** | | | | |
| 6 1 0 0 | Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 1 969 888 552,60 | |
| 6 1 0 1 | An Ciste Comhtháthaithe — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 612 634 170,45 | |
| 6 1 0 2 | Tacaíocht do phobal Turcach na Cipire — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 22 022,68 | |
| | *Airteagal 6 1 0 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | 2 582 544 745,73 | |
| ***6 1 1*** | ***Téarnamh agus athléimneacht*** | | | | |
| 6 1 1 0 | An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (lena n-áirítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil) — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 7 088 964,59 | |
| 6 1 1 1 | Cosaint an euro ar ghóchumadh — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 16 440,69 | |
| 6 1 1 2 | An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 1 820 670,58 | |
| 6 1 1 3 | An clár EU4Health — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 622 097,59 | |
| 6 1 1 4 | Ionstraim Tacaíochta Éigeandála laistigh den Aontas — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 7 815 551,65 | |
| | *Airteagal 6 1 1 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | 17 363 725,10 | |

COIMISIÚN

**CAIBIDIL 6 1 — COMHTHÁTHÚ, ATHLÉIMNEACHT AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL 6 2 — ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA AGUS AN COMHSHAOL**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **6 1 2** | ***Infheistíocht i nDaoine, Comhtháthú Sóisialta agus Luachanna*** | | | | |
| 6 1 2 0 | Ciste Sóisialta na hEorpa Plus — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 919 130 951,03 | |
| 6 1 2 1 | Erasmus+ — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 51 442 967,78 | |
| 6 1 2 2 | An Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 1 406 912,72 | |
| 6 1 2 3 | Eoraip na Cruthaitheachta — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 1 898 636,37 | |
| 6 1 2 4 | Cearta agus Luachanna — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 757 333,56 | |
| 6 1 2 5 | Ceartas — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 4 667 041,75 | |
| | *Airteagal 6 1 2 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | 979 303 843,21 | |
| **6 1 9** | ***Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna — Ioncam neamhshannta*** | p.m. | p.m. | 1 060 793,50 | |
| | CAIBIDIL 6 1 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 3 580 273 107,54 | |
| | CAIBIDIL 6 2 | | | | |
| **6 2 0** | ***An Talmhaíocht agus an Beartas Muirí*** | | | | |
| 6 2 0 0 | An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 605 709 417,72 | |
| 6 2 0 1 | An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 197 427 744,29 | |
| 6 2 0 2 | An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 76 893 939,38 | |
| 6 2 0 3 | Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPAnna) agus Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna) — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 6 2 0 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | 880 031 101,39 | |
| **6 2 1** | ***An Comhshaol agus an Gníomhú ar son na hAeráide*** | | | | |
| 6 2 1 0 | An Ciste um Aistriú Cóir — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 6 2 1 1 | An Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 7 394 911,94 | |

**CAIBIDIL 6 2 — ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA AGUS AN COMHSHAOL** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL 6 3 — IMIRCE AGUS BAINISTIÚ TEORAINNEACHA**
**CAIBIDIL 6 4 — SLÁNDÁIL AGUS COSAINT**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **6 2 1** | *(Ar lean.)* | | | | |
| 6 2 1 2 | Saoráid iasachta don earnáil phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 126 446 429,38 | |
Leis an leithreasú ó Airteagal 16 01 02 cumhdófar na costais riaracháin agus bainistíochta arna dtabhú i ndáil le gníomhaíochtaí cur chun feidhme an Chiste don Nuálaíocht, go háirithe costais le haghaidh daoine seachtracha i gceanncheathrú.

**CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***6 6 0*** *(Ar lean.)*

6 6 0 1 *(Ar lean.)*

A mhéid a bhaineann leis an gcaiteachas oibríochtúil don bhliain airgeadais 2024 arna mhaoiniú ó Airteagal 16 03 01, tá glaonna ar thograí le haghaidh tionscadal agus tairiscintí iomaíocha ar phréimheanna seasta, conarthaí difríochta nó conarthaí difríochta carbóin de EUR 4 800 000 000 beartaithe le linn na bliana sin.

*Bunús dlí*

Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil liúntais astaíochtaí gáis ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060 (IO L 130 16.5.2023, lch. 1.)

*Gníomhartha tagartha*

Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010 ón gCoimisiún an 12 Samhain 2010 maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil lamháltas astaíochtaí gáis ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gáis ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal (IO L 302, 18.11.2010, lch. 1).

Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hoibriú an Chiste don Nuálaíocht (IO L 140, 28.5.2019, lch. 6).

Cinneadh ón gCoimisiún an 25 Márta 2020 lena ndéantar bainistiú ioncam an Chiste don Nuálaíocht a tharmligean chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta (C(2020)1892).

6 6 0 2 Ranníocaíochtaí ón Ríocht Aontaithe atá nasctha le hAirteagal 148 den Chomhaontú um Tharraingt Siar

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 620 870 287 | 8 801 547 396 | 10 924 449 523,28 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an mír seo taifead a dhéanamh ar na glan-ranníocaíochtaí ón Ríocht Aontaithe a bhíonn ann de thoradh na n-íocaíochtaí arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 148 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

Comhfhreagraíonn na glan-ranníocaíochtaí do na difríochtaí idir na méideanna atá le híoc ag an Ríocht Aontaithe leis an Aontas agus na méideanna atá le híoc ag an Aontas leis an Ríocht Aontaithe.

Cuirtear san áireamh sa mhír seo freisin an t-ioncam sannta a áirítear i ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe le buiséad an Aontais.

**CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

**6 6 0** *(Ar lean.)*

6 6 0 2 *(Ar lean.)*

Is iad an 30 Meitheamh agus an 31 Deireadh Fómhair gach bliain na dátaí tagartha d'íocaíochtaí ón Ríocht Aontaithe leis an Aontas nó ón Aontas leis an Ríocht Aontaithe a dhéantar tar éis an 31 Nollaig 2020. Déanfar íocaíochtaí i gceithre thráthchuid mhíosúla chomhionanna le haghaidh íocaíochtaí a bhfuil an 30 Meitheamh mar dháta tagartha acu agus in ocht dtráthchuid mhíosúla chomhionanna le haghaidh íocaíochtaí a bhfuil an 31 Deireadh Fómhair mar dháta tagartha acu. Déanfar gach íocaíocht faoin lá oibre deireanach de gach mí, ag tosú ar an dáta tagartha nó, i gcás nach lá oibre an dáta tagartha, ar an lá oibre deireanach roimh an dáta tagartha.

*Gníomhartha tagartha*

Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

6 6 0 3 Ranníocaíochtaí ón Ríocht Aontaithe tar éis na hidirthréimhse

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an mír seo taifead a dhéanamh ar na ranníocaíochtaí ón Ríocht Aontaithe, ar ranníocaíochtaí iad a bhaineann le rannpháirtíocht i gcláir agus i ngníomhaíochtaí an Aontais tar éis na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

Áirítear leis sin go háirithe an Comhaontú Trádála agus Comhair leis an Ríocht Aontaithe, lena ndéantar foráil maidir le ranníocaíocht airgeadais ón Ríocht Aontaithe, ranníocaíocht ina mbeidh táille rannpháirtíochta agus ranníocaíocht oibríochtúil.

I gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, bainfear úsáid as aon ioncam chun leithreasuithe breise a sholáthar lena maoineofar an caiteachas a bhfuil an t-ioncam sannta sin dó.

*Gníomhartha tagartha*

Dearbhú polaitiúil lena leagtar amach an creat don chaidreamh sa todhchaí idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire (IO C 384 I, 12.11.2019, lch. 178).

An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10), agus go háirithe Cuid a Cúig de.

**CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***6 6 0*** *(Ar lean.)*

6 6 0 4 Ranníocaíochtaí ón gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach (CEGC) faoi leachtú

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 36 874 795 | 36 874 795 | 37 093 133,67 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an mír seo taifead a dhéanamh ar na ranníocaíochtaí bliantúla ón gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach (CEGC) faoi leachtú le buiséad bliantúil an Aontais do na blianta 2021 go 2025 a eascraíonn as cur i bhfeidhm Airteagal 145 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

De réir na míre seo, , tá an tAontas faoi dhliteanas maidir leis an Ríocht Aontaithe as a sciar de ghlansócmhainní faoi leachtú CEGC an 31 Nollaig 2020 (EUR 184 373 974) agus déanfar an aisíocaíocht ghaolmhar i gcúig thráthchuid bhliantúla chomhionanna (EUR 36 874 795) ó 2021 go 2025.

Is é is aidhm leis na ranníocaíochtaí sin ó CEGC faoi leachtú cúiteamh iomlán a dhéanamh ar éifeachtaí na laghduithe comhfhreagracha a bhfuil cuntas tugtha orthu sna ranníocaíochtaí ón Ríocht Aontaithe le buiséad bliantúil an Aontais, mar a thaifeadtar faoi mhír 6 6 0 2.

*Gníomhartha tagartha*

Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

6 6 0 5 Toradh bhuiséad CSTE

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | | |

*Barúlacha*

Mír nua

Tá sé beartaithe leis an mír seo taifead a dhéanamh ar thoradh bhuiséad CSTE.

*Bunús dlí*

Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (IO L 1, 3.1.1994, lch. 3).

**CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

### 6 6 1 *Sásraí dlúthpháirtíochta (ionstraimí speisialta)*

6 6 1 1 An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha — Ioncam sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 1 495 918,28 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an mír seo ioncam sannta a chur san áireamh, arb ioncam é a eascraíonn as ceartuithe airgeadais agus aisghabhálacha i ndáil le hidirghabhálacha an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) faoin CAI 2021-2027 atá ann faoi láthair agus faoi CAInna roimhe sin.

Na méideanna a iontráiltear faoin mír seo, bainfear úsáid astu, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, chun leithreasuithe breise a sholáthar d'aon líne bhuiséid faoi CECD den ráiteas caiteachais sa roinn seo.

*Bunús dlí*

Le haghaidh an bhunúis dlí, féach na barúlacha maidir le hAirteagail 16 02 02 agus 16 02 99 den ráiteas caiteachais sa roinn seo.

6 6 1 2 Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh — Ioncam sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 12 231 532,56 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an mír seo aon ioncam a chur san áireamh, arb ioncam é a eascraíonn as ceartuithe airgeadais agus aisghabhálacha i ndáil le hidirghabhálacha Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) faoin CAI 2021-2027 atá ann faoi láthair agus faoi CAInna roimhe sin.

Na méideanna a iontráiltear faoin mír seo, aisghabhfar agus úsáidfear iad i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle.

*Bunús dlí*

Le haghaidh an bhunúis dlí, féach na barúlacha maidir le hAirteagal 16 02 01 den ráiteas caiteachais sa roinn seo.

### 6 6 2 *Gníomhaireachtaí díláraithe — Ioncam sannta*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 99 737 375,91 |

**CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

**6 6 2** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ioncam ó ghníomhaireachtaí díláraithe.

I gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

**6 6 3** ***Treoirthionscadail, gníomhaíochtaí ullmhúcháin, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 2 826 721,42 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ioncam ó threoirthionscadail, gníomhaíochtaí ullmhúcháin, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile.

I gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, d'fhéadfadh sé, de thoradh an ioncaim sin, go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

**6 6 8** ***Ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 27 538 563,56 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar aon ioncam nach bhforáiltear dó i gcodanna eile de Theideal 6 a chur san áireamh, arb ioncam é, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, nach mór a mheas gur ioncam sannta é, rud a fhágann go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

**6 6 9** ***Ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile — Ioncam neamhshannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 200 000 000 | 200 000 000 | 2 299 962,78 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo aon ioncam nach ndéantar foráil maidir leis i gcodanna eile de Theideal 6 a chur san áireamh, arb ioncam é nach n-úsáidtear i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais.

**CAIBIDIL 6 7 — TABHAIRT I GCRÍCH ORDUITHE AISGHABHÁLA GAN ÍOC ROIMH 2021**

***6 7 0 Tabhairt i gcrích orduithe aisghabhála gan íoc roimh 2021***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 263 300 023,11 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ioncam ó na horduithe aisghabhála uile gan íoc roimh 2021 i gcás na n-airteagal agus na míreanna uile de Theideal 6 a áirítear san ainmníocht a bheidh i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2020.

## ACHOIMRE GHINEARÁLTA AR LEITHREASUITHE (2024 AGUS 2023) AGUS AR AN OLLTORADH (2022)

| Tei-deal | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 01 | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT | 13 639 104 033 | 12 701 370 884 | 13 296 916 265 | 12 592 550 089 | 13 235 591 231,94 | 12 957 219 118,71 |
| 02 | INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA | 4 593 137 505 | 4 754 299 370 | 4 898 772 853 | 4 386 678 864 | 5 508 184 625,61 | 4 780 000 796,79 |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | *1 830 000* | *1 830 000* | *3 972 000* | *3 972 000* | | |
| | | 4 594 967 505 | 4 756 129 370 | 4 902 744 853 | 4 390 650 864 | | |
| 03 | AN MARGADH AONAIR | 953 120 319 | 909 848 119 | 939 232 234 | 943 158 600 | 1 022 268 758,85 | 829 563 328,29 |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | *5 107 785* | *5 107 785* | | | | |
| | | 958 228 104 | 914 955 904 | | | | |
| 04 | AN SPÁS | 2 301 073 345 | 2 455 510 845 | 2 167 913 237 | 2 163 472 237 | 2 076 537 905,— | 2 016 342 079,81 |
| | *Cúlchistí (30 01 01, 30 02 02)* | | | *108 250 000* | *100 500 000* | | |
| | | | | 2 276 163 237 | 2 263 972 237 | | |
| 05 | FORBAIRT AGUS COMHTHÁTHÚ RÉIGIÚNACH | 47 916 719 344 | 17 332 018 024 | 46 185 600 509 | 36 808 047 634 | 44 307 209 770,48 | 43 558 947 530,51 |
| 06 | TÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT | 4 719 865 703 | 4 653 961 893 | 2 637 868 591 | 2 640 836 067 | 1 683 704 493,71 | 1 010 921 285,47 |
| 07 | INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA | 21 921 947 902 | 11 728 323 287 | 21 759 568 963 | 16 875 341 807 | 20 653 330 070,51 | 18 544 090 844,40 |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | *2 158 000* | *1 693 000* | *3 666 000* | *3 666 000* | | |
| | | 21 924 105 902 | 11 730 016 287 | 21 763 234 963 | 16 879 007 807 | | |
| 08 | BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ | 54 877 129 402 | 53 417 033 942 | 54 874 041 540 | 56 145 516 403 | 53 924 858 027,47 | 54 613 454 157,17 |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | *66 850 000* | *38 250 000* | *3 460 000* | *3 460 000* | | |
| | | 54 943 979 402 | 53 455 283 942 | 54 877 501 540 | 56 148 976 403 | | |
| 09 | AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE | 2 387 264 846 | 688 732 408 | 2 340 641 685 | 598 568 862 | 2 145 002 225,20 | 592 027 408,09 |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | *7 386 591* | *7 386 591* | | | | |
| | | 2 394 651 437 | 696 118 999 | | | | |

| Teideal | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 10 | AN IMIRCE | 1 677 316 429 | 1 528 174 176 | 1 626 790 540 | 1 243 088 787 | 1 556 566 026,22 | 1 598 498 259,04 |
| 11 | BAINISTIÚ TEORAINNEACHA | 2 210 626 242 | 1 716 030 267 | 2 100 520 978 | 1 536 291 465 | 1 838 127 816,14 | 1 696 473 051,91 |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | *4 763 000* | *4 763 000* | | | | |
| | | 2 215 389 242 | 1 720 793 267 | | | | |
| 12 | SLÁNDÁIL | 730 770 177 | 732 317 335 | 688 722 828 | 559 037 952 | 631 988 768,09 | 506 316 453,65 |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | *2 041 000* | *2 041 000* | | | | |
| | | 732 811 177 | 734 358 335 | | | | |
| 13 | AN CHOSAINT | 1 588 366 749 | 1 301 055 196 | 1 240 886 302 | 547 336 660 | 1 177 444 514,— | 629 778 419,97 |
| | *Cúlchistí (30 02 01, 30 02 02)* | | | *187 027 699* | *31 000 000* | | |
| | | | | 1 427 914 001 | 578 336 660 | | |
| 14 | GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH | 14 113 539 967 | 13 316 536 039 | 14 680 808 005 | 11 404 310 319 | 15 643 687 954,78 | 11 268 044 896,66 |
| 15 | CÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS | 2 116 460 033 | 1 974 621 274 | 2 531 071 473 | 2 590 627 526 | 1 988 833 994,70 | 1 835 179 240,75 |
| 16 | CAITEACHAS LASMUIGH DE NA HUASTEORAINNEACHA BLIANTÚLA A LEAGTAR AMACH SA CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL | 50 000 000 | 70 000 000 | 50 000 000 | 80 000 000 | 1 299 242 504,10 | 1 293 751 898,24 |
| 20 | CAITEACHAS RIARACHÁIN AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH | 4 221 841 225 | 4 221 841 225 | 4 032 059 702 | 4 032 059 702 | 3 869 832 180,15 | 3 869 907 597,00 |
| 21 | SCOILEANNA EORPACHA AGUS PINSIN | 2 811 521 330 | 2 811 521 330 | 2 624 263 126 | 2 624 263 126 | 2 418 303 653,20 | 2 418 303 653,20 |
| 30 | CÚLCHISTÍ | 1 600 997 587 | 1 362 466 377 | 3 111 528 728 | 2 742 392 000 | 0,— | 0,— |
| | **IOMLÁN** | **184 430 802 138** | **137 675 661 991** | **181 787 207 559** | **160 513 578 100** | **174 980 714 520,15** | **164 018 820 019,66** |
| | ***A mhéid a bhaineann le cúlchistí (30 01 01, 30 02 01, 30 02 02)*** | ***90 136 376*** | ***61 071 376*** | ***306 375 699*** | ***142 598 000*** | | |

*TEIDEAL 01*

**TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT**

# TEIDEAL 01

# TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT

**Achoimre ghinearálta ar leithreasuithe (2024 agus 2023) agus ar an olltoradh (2022)**

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 01 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE ‘TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT’ | 928 921 030 | 928 921 030 | 878 610 121 | 878 610 121 | 824 719 211,— | 824 719 211,— |
| 01 02 | FÍS EORPACH | 12 083 920 975 | 11 019 597 632 | 11 669 289 389 | 11 129 768 658 | 11 528 371 565,94 | 11 408 515 247,37 |
| 01 03 | CLÁR TAIGHDE AGUS OILIÚNA EURATOM | 173 779 602 | 225 098 883 | 169 188 183 | 167 001 765 | 162 699 570,— | 162 195 014,87 |
| 01 04 | IMOIBREOIR TRIALACH TEIRMEANÚICLÉACH IDIRNÁISIÚNTA (ITER) | 428 002 426 | 500 873 254 | 552 128 572 | 399 509 002 | 702 981 885,— | 553 981 136,— |
| 01 20 | TREOIRTHIONSCA-DAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | 24 480 000 | 26 880 085 | 27 700 000 | 17 660 543 | 16 819 000,— | 7 808 509,47 |
| | **Teideal 01 — IOMLÁN** | **13 639 104 033** | **12 701 370 884** | **13 296 916 265** | **12 592 550 089** | **13 235 591 231,94** | **12 957 219 118,71** |

# TEIDEAL 01

# TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT

## CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 01 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT' | | | | | |
| ***01 01 01*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Fís Eorpach*** | | | | | |
| 01 01 01 01 | Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann Fís Eorpach chun feidhme — Taighde indíreach | 1 | 176 044 594 | 169 435 000 | 149 438 638,56 | 84,89 |
| 01 01 01 02 | Pearsanra seachtrach a chuireann Fís Eorpach chun feidhme — Taighde indíreach | 1 | 50 540 220 | 47 974 763 | 41 535 260,44 | 82,18 |
| 01 01 01 03 | Caiteachas bainistithe eile le haghaidh Fís Eorpach — Taighde indíreach | 1 | 84 431 831 | 83 873 709 | 74 899 011,88 | 88,71 |
| 01 01 01 11 | Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann Fís Eorpach chun feidhme — Taighde díreach | 1 | 173 348 000 | 155 843 000 | 151 373 000,— | 87,32 |
| 01 01 01 12 | Pearsanra seachtrach a chuireann Fís Eorpach chun feidhme — Taighde díreach | 1 | 39 037 000 | 36 430 000 | 35 891 999,58 | 91,94 |
| 01 01 01 13 | Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh Fís Eorpach — Taighde díreach | 1 | 63 334 000 | 51 784 000 | 53 185 465,76 | 83,98 |
| 01 01 01 71 | Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde — Ranníocaíocht ó Fhís Eorpach | 1 | 58 954 160 | 58 383 160 | 57 458 483,— | 97,46 |
| 01 01 01 72 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde — Ranníocaíocht ó Fhís Eorpach | 1 | 102 627 538 | 97 156 810 | 90 364 808,26 | 88,05 |
| 01 01 01 73 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú — Ranníocaíocht ó Fhís Eorpach | 1 | 21 014 977 | 17 463 567 | 16 227 344,05 | 77,22 |
| 01 01 01 74 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol — Ranníocaíocht ó Fhís Eorpach | 1 | 14 153 165 | 14 884 072 | 13 412 576,— | 94,77 |
| 01 01 01 76 | Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide — Ranníocaíocht ó Fhís Eorpach | 1 | 29 682 072 | 30 372 955 | 26 904 864,39 | 90,64 |
| | *Airteagal 01 01 01 — Fo-iomlán* | | 813 167 557 | 763 601 036 | 710 691 451,92 | 87,40 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT*

**CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ***01 01 02*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom*** | | | | | |
| 01 01 02 01 | Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann Clár Taighde agus Oiliúna Euratom chun feidhme — Taighde indíreach | 1 | 7 699 869 | 7 432 595 | 6 735 801,— | 87,48 |
| 01 01 02 02 | Pearsanra seachtrach a chuireann Clár Taighde agus Oiliúna Euratom chun feidhme — Taighde indíreach | 1 | 321 130 | 314 441 | 275 656,— | 85,84 |
| 01 01 02 03 | Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom — Taighde indíreach | 1 | 1 453 002 | 1 560 269 | 1 880 440,— | 129,42 |
| 01 01 02 11 | Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann Clár Taighde agus Oiliúna Euratom chun feidhme — Taighde díreach | 1 | 55 277 000 | 56 477 000 | 56 277 000,— | 101,81 |
| 01 01 02 12 | Pearsanra seachtrach a chuireann Clár Taighde agus Oiliúna Euratom chun feidhme — Taighde díreach | 1 | 10 455 000 | 10 455 000 | 10 455 000,— | 100 |
| 01 01 02 13 | Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom — Taighde díreach | 1 | 32 250 000 | 31 050 000 | 31 376 880,— | 97,29 |
| | *Airteagal 01 01 02 — Fo-iomlán* | | 107 456 001 | 107 289 305 | 107 000 777,— | 99,58 |
| ***01 01 03*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Imoibreora Thrialaigh Theirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER)*** | | | | | |
| 01 01 03 01 | Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann ITER chun feidhme | 1 | 6 120 000 | 5 821 795 | 5 409 100,— | 88,38 |
| 01 01 03 02 | Pearsanra seachtrach a chuireann ITER chun feidhme | 1 | 244 237 | 215 379 | 202 016,— | 82,71 |
| 01 01 03 03 | Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh ITER | 1 | 1 933 235 | 1 682 606 | 1 415 866,08 | 73,24 |
| | *Airteagal 01 01 03 — Fo-iomlán* | | 8 297 472 | 7 719 780 | 7 026 982,08 | 84,69 |
| | **Caibidil 01 01 — IOMLÁN** | | **928 921 030** | **878 610 121** | **824 719 211,—** | **88,78** |

**CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas de chineál riaracháin (tuarastail, staidéir, cruinnithe saineolaithe, faisnéis agus foilseacháin, etc.) ag a bhfuil nasc díreach le cuspóirí na gclár nó na mbeart a thagann faoin mbraisle seo a bhaint amach, agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó leis an mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

***01 01 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh Fís Eorpach***

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil seo, tá an leithreasú sin beartaithe freisin chun go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le hoifigigh, le baill foirne shealadacha agus sheachtracha chomh maith le caiteachas riaracháin eile i dtaca le bainistiú an chláir shonraigh um thaighde agus nuálaíocht — Fís Eorpach, i bhfoirm gníomhaíochtaí indíreacha agus díreacha, lena n-áirítear caiteachas riaracháin arna thabhú ag baill foirne ag a bhfuil poist i dtoscaireachtaí an Aontais.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 01 02.

01 01 01 01 Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann Fís Eorpach chun feidhme — Taighde indíreach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 176 044 594 | 169 435 000 | 149 438 638,56 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus le baill foirne shealadacha a chuireann an clár sonrach um thaighde agus nuálaíocht — Fís Eorpach chun feidhme agus ag a bhfuil poist ar na pleananna bunaíochta údaraithe agus a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí taighde indíreacha, lena n-áirítear oifigigh agus baill foirne shealadacha ag a bhfuil poist i dtoscaireachtaí an Aontais.

**CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'** *(Ar lean.)*

***01 01 01*** *(Ar lean.)*

01 01 01 01 *(Ar lean.)*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 6 231 979 | 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 3 934 999 | 6 0 1 0 |

01 01 01 02 Pearsanra seachtrach a chuireann Fís Eorpach chun feidhme — Taighde indíreach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 50 540 220 | 47 974 763 | 41 535 260,44 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le pearsanra seachtrach a chuireann an clár sonrach um thaighde agus nuálaíocht – Fís Eorpach chun feidhme i bhfoirm gníomhaíochtaí indíreacha, lena n-áirítear pearsanra seachtrach ag a bhfuil poist i dtoscaireachtaí an Aontais agus tuarastal agus costais ghaolmhara eile Uachtarán na Comhairle Eorpaí um Thaighde.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Fáltais ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh | 3 490 227 | 5 0 4 0 |
| CSTE-LEE | 1 912 678 | 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 3 520 705 | 6 0 1 0 |

01 01 01 03 Caiteachas bainistithe eile le haghaidh Fís Eorpach — Taighde indíreach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 84 431 831 | 83 873 709 | 74 899 011,88 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas riaracháin eile i dtaca le bainistíocht an chláir shonraigh um thaighde agus nuálaíocht — Fís Eorpach, i bhfoirm gníomhaíochtaí indíreacha, lena n-áirítear caiteachas riaracháin eile arna thabhú ag baill foirne ag a bhfuil poist i dtoscaireachtaí an Aontais.

**CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'** *(Ar lean.)*

***01 01 01*** *(Ar lean.)*

01 01 01 03 *(Ar lean.)*

Tá sé beartaithe leis freisin go gcumhdófar caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin a bhaineann le bainistíocht an chláir, amhail comhdhálacha, aistriúcháin, ceardlanna, seimineáir, misin, oiliúint, agus speansais ionadaíochta, staidéir, cruinnithe saineolaithe, faisnéis agus foilseacháin agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse ad hoc.

Tá sé beartaithe leis freisin go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le forbairt agus le cothabháil chórais TF a bhfuil gá leis chun an clár a bhainistiú agus a chur chun feidhme.

Cumhdófar leis freisin caiteachas a bhaineann le foirgnimh de chuid sheirbhísí an Choimisiúin a bhainistíonn an clár.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Fáltais ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh | 1 176 600 | 5 0 4 0 |
| CSTE-LEE | 3 030 539 | 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 3 129 560 | 6 0 1 0 |

01 01 01 11 Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann Fís Eorpach chun feidhme — Taighde díreach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 173 348 000 | 155 843 000 | 151 373 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus le baill foirne shealadacha ag a bhfuil poist ar phlean bunaíochta údaraithe an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC) agus a chuireann an clár sonrach um thaighde agus nuálaíocht — Fís Eorpach chun feidhme, agus go háirithe:

— gníomhaíocht dhíreach, arb é atá inti gníomhaíochtaí taighde, gníomhaíochtaí eolaíocha agus gníomhaíochtaí tacaíochta teicniúla, agus gníomhaíochtaí taighde taiscéalaíochta ar tugadh fúthu i mbunaíochtaí JRC agus i dtoscaireachtaí an Aontais,

— gníomhaíocht indíreach, arb é atá inti cláir a cuireadh chun feidhme mar chuid de ghníomhaíochtaí JRC a rinneadh ar bhonn iomaíoch.

Cuimsítear le costais foirne an buntuarastal, lamháltais, slánaíochtaí agus ranníocaíochtaí ilghnéitheacha atá bunaithe ar na forálacha reachtúla, lena n-áirítear speansais a bhaineann le cur i seirbhís, leis an áit fostaíochta a athrú agus le foirceannadh seirbhíse.

**CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'** *(Ar lean.)*

***01 01 01*** *(Ar lean.)*

01 01 01 11 *(Ar lean.)*

Is féidir leithreasuithe a chur leis an leithreasú sin, leithreasuithe a gheobhaidh JRC trí pháirt a ghlacadh ar bhonn iomaíoch i ngníomhaíochtaí indíreacha agus i ngníomhaíochtaí eolaíocha agus teicniúla d'fhonn tacú le beartais an Aontais. Na gníomhaíochtaí de chineál iomaíoch a dhéanann JRC lena gcumhdófar an méid a leanas:

— gníomhaíochtaí arna ndéanamh de réir nósanna imeachta deontais nó soláthair,

— gníomhaíochtaí thar ceann tríú páirtithe,

— gníomhaíochtaí a dhéantar faoi chomhaontú riaracháin le hinstitiúidí eile nó le ranna eile an Choimisiúin d'fhonn seirbhísí teicniúla-eolaíocha a sholáthar.

Bainfear úsáid as ioncam ó ghníomhaíochtaí iomaíocha chun an méid a leanas a chumhdach, inter alia: caiteachas arna thabhú ar bhaill foirne agus ar acmhainní i leith gníomhaíochtaí a thacaíonn le beartais an Aontais agus obair le haghaidh tríú páirtithe a rinne JRC.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 6 136 519 6 6 0 0 |

01 01 01 12 Pearsanra seachtrach a chuireann Fís Eorpach chun feidhme — Taighde díreach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 39 037 000 | 36 430 000 | 35 891 999,58 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a bhaineann le pearsanra seachtrach nach bhfuil ar phlean bunaíochta an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC), i.e. baill foirne ar conradh, sealbhóirí deontais, saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus eolaithe ar cuairt, lena n-áirítear pearsanra seachtrach ag a bhfuil poist i dtoscaireachtaí an Aontais, a chuireann an clár sonrach um thaighde agus nuálaíocht — Fís Eorpach chun feidhme.

Is féidir leithreasuithe a chur leis an leithreasú sin, leithreasuithe a gheobhaidh JRC trí pháirt a ghlacadh ar bhonn iomaíoch i ngníomhaíochtaí indíreacha agus i ngníomhaíochtaí eolaíocha agus teicniúla d'fhonn tacú le beartais an Aontais. Na gníomhaíochtaí de chineál iomaíoch a dhéanann JRC lena gcumhdófar an méid a leanas:

— gníomhaíochtaí arna ndéanamh de réir nósanna imeachta deontais nó soláthair,

— gníomhaíochtaí thar ceann tríú páirtithe,

**CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'** *(Ar lean.)*

***01 01 01*** *(Ar lean.)*

01 01 01 12 *(Ar lean.)*

— gníomhaíochtaí a dhéantar faoi chomhaontú riaracháin le hinstitiúidí eile nó le ranna eile an Choimisiúin d'fhonn seirbhísí teicniúla-eolaíocha a sholáthar.

Bainfear úsáid as ioncam ó ghníomhaíochtaí iomaíocha chun an méid a leanas a chumhdach, inter alia: caiteachas arna thabhú ar bhaill foirne agus ar acmhainní i leith gníomhaíochtaí a thacaíonn le beartais an Aontais agus obair le haghaidh tríú páirtithe a rinne JRC.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 1 381 910 | 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 299 000 | 6 0 1 0 |

01 01 01 13 Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh Fís Eorpach — Taighde díreach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 63 334 000 | 51 784 000 | 53 185 465,76 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar:

— caiteachas a bhaineann le baill foirne nach gcumhdaítear le Míreanna 01 01 01 11 agus 01 01 01 12 lena n-áirítear misin, oiliúint, seirbhísí leighis agus sóisialta, caiteachas maidir le comórtais a eagrú, iarrthóirí a chur faoi agallamh agus costais ionadaíochta,

— caiteachas i leith na n-acmhainní uile arna n-úsáid d'fhonn gníomhaíochtaí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC) a chur chun feidhme; áirítear leis sin:

  — speansais a bhaineann le hoibríocht agus feidhmiú stiúrthóireachtaí JRC: cothabháil thráthrialta foirgneamh, bonneagair theicniúil agus trealaimh eolaíochta; fóntais agus sreabháin; téamh, fuarú, agus aeráil; ábhair agus trealamh ceardlainne; láithreáin, bóithre agus foirgnimh a ghlanadh; bainistíocht dramhaíola, etc.,

  — speansais a bhaineann le hoibríocht agus tacaíocht riaracháin stiúrthóireachtaí JRC: troscán; stáiseanóireacht; teileachumarsáid; doiciméadacht agus foilseacháin; an t-iompar; soláthairtí ilghnéitheacha; árachas ginearálta, etc.,

  — speansais a bhaineann le sábháilteacht agus slándáil na láithreán: sláinte agus sábháilteacht ag an obair; radachosaint; briogáid dóiteáin, etc.,

  — Caiteachas a bhaineann le TF: seomraí ríomhaireachta; crua-earraí agus bogearraí; seirbhísí líonraithe; córais faisnéise; deasc chabhrach agus cúnamh le haghaidh úsáideoirí, etc.,

COIMISIÚN
*TEIDEAL 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT*

**CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'** *(Ar lean.)*

***01 01 01*** *(Ar lean.)*

01 01 01 13 *(Ar lean.)*

— costais neamh-athfhillteacha: athchóiriú, athshlánú agus oibreacha foirgníochta ar na láithreáin JRC. Tugann sé aghaidh ar speansais amhail costais chothabhála eisceachtúla, oibreacha athchóirithe agus dul in oiriúint do chaighdeáin nua.

— caiteachas i leith na n-acmhainní uile chun tionscadail mhóra bonneagair thaighde a mhaoiniú, go háirithe foirgnimh nua a thógáil, athchóiriú iomlán a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann faoi láthair agus trealamh tábhachtach a bhaineann le bonneagar teicniúil na láithreán a cheannach.

Is féidir leithreasuithe a chur leis an leithreasú sin, leithreasuithe a gheobhaidh JRC trí pháirt a ghlacadh ar bhonn iomaíoch i ngníomhaíochtaí indíreacha agus i ngníomhaíochtaí eolaíocha agus teicniúla d'fhonn tacú le beartais an Aontais. Na gníomhaíochtaí de chineál iomaíoch a dhéanann JRC lena gcumhdófar an méid a leanas:

— gníomhaíochtaí arna ndéanamh de réir nósanna imeachta deontais nó soláthair,

— gníomhaíochtaí thar ceann tríú páirtithe,

— gníomhaíochtaí a dhéantar faoi chomhaontú riaracháin le hinstitiúidí eile nó le ranna eile an Choimisiúin d'fhonn seirbhísí teicniúla-eolaíocha a sholáthar.

Bainfear úsáid as ioncam ó ghníomhaíochtaí iomaíocha chun an méid a leanas a chumhdach, inter alia: caiteachas arna thabhú ar bhaill foirne agus ar acmhainní i leith gníomhaíochtaí a thacaíonn le beartais an Aontais agus obair le haghaidh tríú páirtithe a rinne JRC.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 2 242 024 | 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 1 397 000 | 6 0 1 0 |

01 01 01 71 Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde — Ranníocaíocht ó Fhís Eorpach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 58 954 160 | 58 383 160 | 57 458 483,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais oibriúcháin Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde a tabhaíodh de thoradh ról na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin i gcur chun feidhme an chláir shonraigh um thaighde agus nuálaíocht — Fís Eorpach (2021-2027) agus i gcur i gcrích na gclár a bhí ann roimhe sin.

Leagtar plean bunaíochta na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin amach ina hIarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

**CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'** *(Ar lean.)*

***01 01 01*** *(Ar lean.)*

01 01 01 71 *(Ar lean.)*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| CSTE-LEE | 2 086 977 | 6 | 6 | 0 | 0 |
| Tíortha eile | 3 288 820 | 6 | 0 | 1 | 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht gnóthas, ionad taighde agus ollscoileanna i ngníomhaíochtaí faoin Seachtú Clár réime agus maidir le leathadh torthaí taighde (2007-2013) (IO L 391, 30.12.2006, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007-2013) (IO L 412, 30.12.2006, lch. 1).

Cinneadh 2006/972/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gclár sonrach: Smaointe lena gcuirtear chun feidhme Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007 go 2013) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 243).

Cinneadh Uimh. 2013/743/AE ón gComhairle an 3 Nollaig 2013 lena mbunaítear an clár sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís 2020 – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2006/971/CE, 2006/972/CE, 2006/973/CE, 2006/974/CE agus 2006/975/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 965).

Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, leis an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus leis an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 — an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (IO L 169, 1.7.2015, lch. 1).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Féach Caibidil 01 02.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT*

**CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'** *(Ar lean.)*

***01 01 01*** *(Ar lean.)*

01 01 01 71 *(Ar lean.)*

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2021) 950 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde d'fhonn na cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse an taighde gan beann ar theorainneacha lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais.

01 01 01 72 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde — Ranníocaíocht ó Fhís Eorpach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 102 627 538 | 97 156 810 | 90 364 808,26 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais oibriúcháin na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Thaighde a tabhaíodh de thoradh ról na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin i gcur chun feidhme an chláir shonraigh um thaighde agus nuálaíocht — Fís Eorpach (2021-2027) agus i gcur i gcrích na gclár a bhí ann roimhe sin.

Leagtar plean bunaíochta na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin amach ina hIarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 3 633 015 | 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 1 416 350 | 6 0 1 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 1230/2003/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 lena nglactar clár ilbhliantúil do ghníomhaíocht i réimse an fhuinnimh: 'An Clár Eorpach um Stuamacht Fuinnimh' (2003-2006) (IO L 176, 15.7.2003, lch. 29).

Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear Clár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta (2007 go 2013) (IO L 310, 9.11.2006, lch. 15).

**CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'** *(Ar lean.)*

***01 01 01*** *(Ar lean.)*

01 01 01 72 *(Ar lean.)*

Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht gnóthas, ionad taighde agus ollscoileanna i ngníomhaíochtaí faoin Seachtú Clár réime agus maidir le leathadh torthaí taighde (2007-2013) (IO L 391, 30.12.2006, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007-2013) (IO L 412, 30.12.2006, lch. 1).

Cinneadh 2006/971/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gClár Sonrach 'Comhar' lena gcuirtear chun feidhme Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí léiriúcháin (2007 go 2013) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 86).

Cinneadh 2006/973/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gClár Sonrach 'Daoine' lena gcuirtear chun feidhme Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007 go 2013) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 270).

Cinneadh 2006/974/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gClár Sonrach: Inniúlachtaí lena gcuirtear chun feidhme Sheachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh le haghaidh gníomhaíochtaí maidir le taighde, forbairt theicneolaíoch agus taisealbhadh (2007 go 2013) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 299).

Cinneadh Uimh. 2013/743/AE ón gComhairle an 3 Nollaig 2013 lena mbunaítear an clár sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís 2020 – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2006/971/CE, 2006/972/CE, 2006/973/CE, 2006/974/CE agus 2006/975/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 965).

Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, leis an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus leis an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 — an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (IO L 169, 1.7.2015, lch. 1).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Féach Caibidil 01 02.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT*

**CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'** *(Ar lean.)*

***01 01 01*** *(Ar lean.)*

01 01 01 72 *(Ar lean.)*

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2021) 952 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde d'fhonn na cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse an Taighde agus na Nuálaíochta, Taighde ar an gCiste um Ghual agus Cruach agus Bearta um Sholáthar Faisnéise agus Bearta Cur Chun Cinn a bhaineann le Táirgí Talmhaíochta lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais.

01 01 01 73 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú — Ranníocaíocht ó Fhís Eorpach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 21 014 977 | 17 463 567 | 16 227 344,05 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais oibriúcháin na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú a tabhaíodh de thoradh ról na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin i gcur chun feidhme an chláir shonraigh um thaighde agus nuálaíocht — Fís Eorpach (2021-2027) agus i gcur i gcrích na gclár a bhí ann roimhe sin.

Leagtar plean bunaíochta na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin amach ina hIarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Fáltais ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh | 3 374 000 | 5 0 4 0 |
| CSTE-LEE | 863 370 | 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 503 053 | 6 0 1 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 1230/2003/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 lena nglactar clár ilbhliantúil do ghníomhaíocht i réimse an fhuinnimh: 'An Clár Eorpach um Stuamacht Fuinnimh' (2003-2006) (IO L 176, 15.7.2003, lch. 29).

Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear Clár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta (2007 go 2013) (IO L 310, 9.11.2006, lch. 15).

**CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'** *(Ar lean.)*

***01 01 01*** *(Ar lean.)*

01 01 01 73 *(Ar lean.)*

Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht gnóthas, ionad taighde agus ollscoileanna i ngníomhaíochtaí faoin Seachtú Clár réime agus maidir le leathadh torthaí taighde (2007-2013) (IO L 391, 30.12.2006, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007-2013) (IO L 412, 30.12.2006, lch. 1).

Cinneadh 2006/971/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gClár Sonrach 'Comhar' lena gcuirtear chun feidhme Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí léiriúcháin (2007 go 2013) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 86).

Cinneadh 2006/973/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gClár Sonrach 'Daoine' lena gcuirtear chun feidhme Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007 go 2013) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 270).

Cinneadh 2006/974/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gClár Sonrach: Inniúlachtaí lena gcuirtear chun feidhme Sheachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh le haghaidh gníomhaíochtaí maidir le taighde, forbairt theicneolaíoch agus taisealbhadh (2007 go 2013) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 299).

Cinneadh Uimh. 2013/743/AE ón gComhairle an 3 Nollaig 2013 lena mbunaítear an clár sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís 2020 – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2006/971/CE, 2006/972/CE, 2006/973/CE, 2006/974/CE agus 2006/975/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 965).

Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, leis an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus leis an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 — an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (IO L 169, 1.7.2015, lch. 1).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Féach Caibidil 01 02.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT*

**CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'** *(Ar lean.)*

***01 01 01*** *(Ar lean.)*

01 01 01 73 *(Ar lean.)*

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2021) 948 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú d'fhonn cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse EU4Health, an Mhargaidh Aonair, an Taighde agus na Nuálaíochta, na hEorpa Digití, agus na Saoráide um Chónascadh na hEorpa – An Clár Oibre Digiteach, lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme.

01 01 01 74 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol — Ranníocaíocht ó Fhís Eorpach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 14 153 165 | 14 884 072 | 13 412 576,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais oibriúcháin na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol a tabhaíodh de thoradh ról na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin i gcur chun feidhme an chláir shonraigh um thaighde agus nuálaíocht — Fís Eorpach (2021-2027) agus i gcur i gcrích na gclár a bhí ann roimhe sin.

Leagtar plean bunaíochta na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin amach ina hIarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Fáltais ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh | 2 503 000 | 5 0 4 0 |
| CSTE-LEE | 589 628 | 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 440 194 | 6 0 1 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 1230/2003/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 lena nglactar clár ilbhliantúil do ghníomhaíocht i réimse an fhuinnimh: 'An Clár Eorpach um Stuamacht Fuinnimh' (2003-2006) (IO L 176, 15.7.2003, lch. 29).

**CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'** *(Ar lean.)*

***01 01 01*** *(Ar lean.)*

01 01 01 74 *(Ar lean.)*

Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear Clár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta (2007 go 2013) (IO L 310, 9.11.2006, lch. 15).

Cinneadh Uimh. 2013/743/AE ón gComhairle an 3 Nollaig 2013 lena mbunaítear an clár sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís 2020 – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2006/971/CE, 2006/972/CE, 2006/973/CE, 2006/974/CE agus 2006/975/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 965).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Féach Caibidil 01 02.

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2021) 947 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol d'fhonn na cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse an iompair agus an bhonneagair fuinnimh; taighde agus nuálaíocht um an aeráid, fuinneamh agus soghluaisteacht; an comhshaol, an dúlra agus an bhithéagsúlacht; aistriú chuig teicneolaíochtaí ísealcharbóin; agus muirí agus iascaigh; lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus na leithreasuithe sin a eascraíonn as ioncam sannta seachtrach.

01 01 01 76 Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide — Ranníocaíocht ó Fhís Eorpach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 29 682 072 | 30 372 955 | 26 904 864,39 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais oibriúcháin Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide a tabhaíodh de thoradh ról na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin i gcur chun feidhme an chláir shonraigh um thaighde agus nuálaíocht — Fís Eorpach (2021-2027) agus i gcur i gcrích na gclár a bhí ann roimhe sin.

Leagtar plean bunaíochta na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin amach ina hIarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT*

**CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'** *(Ar lean.)*

***01 01 01*** *(Ar lean.)*

01 01 01 76 *(Ar lean.)*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Fáltais ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh | 3 993 310 | 5 0 4 0 |
| CSTE-LEE | 1 192 108 | 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 2 112 990 | 6 0 1 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 1230/2003/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 lena nglactar clár ilbhliantúil do ghníomhaíocht i réimse an fhuinnimh: 'An Clár Eorpach um Stuamacht Fuinnimh' (2003-2006) (IO L 176, 15.7.2003, lch. 29).

Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear Clár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta (2007 go 2013) (IO L 310, 9.11.2006, lch. 15).

Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht gnóthas, ionad taighde agus ollscoileanna i ngníomhaíochtaí faoin Seachtú Clár réime agus maidir le leathadh torthaí taighde (2007-2013) (IO L 391, 30.12.2006, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007-2013) (IO L 412, 30.12.2006, lch. 1).

Cinneadh 2006/971/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gClár Sonrach 'Comhar' lena gcuirtear chun feidhme Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí léiriúcháin (2007 go 2013) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 86).

Cinneadh 2006/973/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gClár Sonrach 'Daoine' lena gcuirtear chun feidhme Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007 go 2013) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 270).

Cinneadh 2006/974/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gClár Sonrach: Inniúlachtaí lena gcuirtear chun feidhme Sheachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh le haghaidh gníomhaíochtaí maidir le taighde, forbairt theicneolaíoch agus taisealbhadh (2007 go 2013) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 299).

**CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'** *(Ar lean.)*

***01 01 01*** *(Ar lean.)*

01 01 01 76 *(Ar lean.)*

Cinneadh Uimh. 2013/743/AE ón gComhairle an 3 Nollaig 2013 lena mbunaítear an clár sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís 2020 – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2006/971/CE, 2006/972/CE, 2006/973/CE, 2006/974/CE agus 2006/975/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 965).

Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, leis an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus leis an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 — an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (IO L 169, 1.7.2015, lch. 1).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Féach Caibidil 01 02.

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2021) 949 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide d'fhonn na cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse na hEorpa Nuálaí, an Mhargaidh Aonair agus na nInfheistíochtaí Nuálaíochta Idir-Réigiúnacha lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais.

***01 01 02*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom***

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil seo, tá an leithreasú sin beartaithe freisin chun go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le hoifigigh, le baill foirne shealadacha chomh maith le caiteachas riaracháin eile i dtaca le bainistiú Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom, i bhfoirm gníomhaíochtaí indíreacha agus díreacha faoi na cláir núicléacha, lena n-áirítear caiteachas tacaíochta riaracháin arna thabhú ag baill foirne ag a bhfuil poist i dtoscaireachtaí an Aontais.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 01 03.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT*

**CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'** *(Ar lean.)*

***01 01 02*** *(Ar lean.)*

01 01 02 01 Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann Clár Taighde agus Oiliúna Euratom chun feidhme — Taighde indíreach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 7 699 869 | 7 432 595 | 6 735 801,— |

*Barúlacha*

Cumhdaítear leis an leithreasú sin caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus le baill foirne shealadacha a chuireann Clár Taighde agus Oiliúna Euratom chun feidhme, a bhfuil poist acu ar na pleananna bunaíochta údaraithe agus a bhíonn i mbun gníomhaíocht taighde indíreach, lena n-áirítear baill foirne ag a bhfuil poist i dtoscaireachtaí an Aontais.

01 01 02 02 Pearsanra seachtrach a chuireann Clár Taighde agus Oiliúna Euratom chun feidhme — Taighde indíreach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 321 130 | 314 441 | 275 656,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le pearsanra seachtrach a chuireann Clár Taighde agus Oiliúna Euratom chun feidhme, i bhfoirm gníomhaíochtaí taighde indíreacha, lena n-áirítear pearsanra seachtrach ag a bhfuil poist i dtoscaireachtaí an Aontais.

01 01 02 03 Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom — Taighde indíreach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 453 002 | 1 560 269 | 1 880 440,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas riaracháin eile i dtaca le bainistíocht agus cur chun feidhme uile Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom, i bhfoirm gníomhaíochtaí indíreacha faoi na cláir núicléacha, lena n-áirítear caiteachas riaracháin eile arna thabhú ag foireann ag a bhfuil poist i dtoscaireachtaí an Aontais.

***01 01 02*** *(Ar lean.)*

01 01 02 03 *(Ar lean.)*

Tá sé beartaithe freisin chun go gcumhdófar caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin a bhaineann le bainistiú an chláir, amhail comhdhálacha, ceardlanna, seimineáir, aistriúcháin, misin, oiliúint, agus speansais ionadaíochta, staidéir, cruinnithe saineolaithe, faisnéis agus foilseacháin agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse ad hoc.

Cumhdófar leis freisin caiteachas a bhaineann le foirgnimh de chuid sheirbhísí an Choimisiúin a bhainistíonn an clár chomh maith le forbairt agus cothabháil chórais TF a bhaineann go sonrach le clár agus chórais TF chorparáideacha, a bhfuil gá leo chun an clár a chur chun feidhme.

01 01 02 11 Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann Clár Taighde agus Oiliúna Euratom chun feidhme — Taighde díreach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 55 277 000 | 56 477 000 | 56 277 000,— |

*Barúlacha*

Cuimsítear le costais foirne an buntuarastal, lamháltais, slánaíochtaí agus ranníocaíochtaí ilghnéitheacha atá bunaithe ar na forálacha reachtúla, lena n-áirítear speansais a bhaineann le cur i seirbhís, leis an áit fostaíochta a athrú agus le foirceannadh seirbhíse.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus le baill foirne shealadacha ag a bhfuil poist ar phlean bunaíochta údaraithe an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC) agus a chuireann Clár Taighde agus Oiliúna Euratom chun feidhme, agus go háirithe:

- gníomhaíocht dhíreach, arb é atá inti gníomhaíochtaí taighde, gníomhaíochtaí eolaíocha agus gníomhaíochtaí tacaíochta teicniúla, agus gníomhaíochtaí taighde taiscéalaíochta ar tugadh fúthu i mbunaíochtaí JRC agus i dtoscaireachtaí an Aontais,
- gníomhaíocht indíreach, arb é atá inti cláir a cuireadh chun feidhme mar chuid de ghníomhaíochtaí JRC a rinneadh ar bhonn iomaíoch.

Cuimsítear le costais foirne an buntuarastal, lamháltais, slánaíochtaí agus ranníocaíochtaí ilghnéitheacha atá bunaithe ar na forálacha reachtúla, lena n-áirítear speansais a bhaineann le cur i seirbhís, leis an áit fostaíochta a athrú agus le foirceannadh seirbhíse.

Is féidir leithreasuithe a chur leis an leithreasú sin, leithreasuithe a gheobhaidh JRC trí pháirt a ghlacadh ar bhonn iomaíoch i ngníomhaíochtaí indíreacha agus i ngníomhaíochtaí eolaíocha agus teicniúla d'fhonn tacú le beartais an Aontais. Na gníomhaíochtaí de chineál iomaíoch a dhéanann JRC lena gcumhdófar an méid a leanas:

- gníomhaíochtaí arna ndéanamh de réir nósanna imeachta deontais nó soláthair,

COIMISIÚN
*TEIDEAL 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT*

**CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'** *(Ar lean.)*

***01 01 02*** *(Ar lean.)*

01 01 02 11 *(Ar lean.)*

— gníomhaíochtaí thar ceann tríú páirtithe,

— gníomhaíochtaí a dhéantar faoi chomhaontú riaracháin le hinstitiúidí eile nó le ranna eile an Choimisiúin d'fhonn seirbhísí teicniúla-eolaíocha a sholáthar.

Bainfear úsáid as ioncam ó ghníomhaíochtaí iomaíocha chun an méid a leanas a chumhdach, inter alia: caiteachas arna thabhú ar bhaill foirne agus ar acmhainní i leith gníomhaíochtaí a thacaíonn le beartais an Aontais agus obair le haghaidh tríú páirtithe a rinne JRC.

01 01 02 12 Pearsanra seachtrach a chuireann Clár Taighde agus Oiliúna Euratom chun feidhme — Taighde díreach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 10 455 000 | 10 455 000 | 10 455 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a bhaineann le pearsanra seachtrach ag a bhfuil poist nach bhfuil ar phlean bunaíochta an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC), i.e. baill foirne ar conradh, sealbhóirí deontais, saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus eolaithe ar cuairt, lena n-áirítear pearsanra seachtrach ag a bhfuil poist i dtoscaireachtaí an Aontais, a chuireann Clár Taighde agus Oiliúna Euratom chun feidhme.

Is féidir leithreasuithe a chur leis an leithreasú sin, leithreasuithe a gheobhaidh JRC trí pháirt a ghlacadh ar bhonn iomaíoch i ngníomhaíochtaí indíreacha agus i ngníomhaíochtaí eolaíocha agus teicniúla d'fhonn tacú le beartais an Aontais. Na gníomhaíochtaí de chineál iomaíoch a dhéanann JRC lena gcumhdófar an méid a leanas:

— gníomhaíochtaí arna ndéanamh de réir nósanna imeachta deontais nó soláthair,

— gníomhaíochtaí thar ceann tríú páirtithe,

— gníomhaíochtaí a dhéantar faoi chomhaontú riaracháin le hinstitiúidí eile nó le ranna eile an Choimisiúin d'fhonn seirbhísí teicniúla-eolaíocha a sholáthar.

Bainfear úsáid as ioncam ó ghníomhaíochtaí iomaíocha chun an méid a leanas a chumhdach, inter alia: caiteachas arna thabhú ar bhaill foirne agus ar acmhainní i leith gníomhaíochtaí a thacaíonn le beartais an Aontais agus obair le haghaidh tríú páirtithe a rinne JRC.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 173 000 | 6 0 1 1 |

01 01 02 13 Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom — Taighde díreach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 32 250 000 | 31 050 000 | 31 376 880,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar:

— caiteachas a bhaineann le baill foirne nach gcumhdaítear le Míreanna 01 01 02 11 agus 01 01 02 12 lena n-áirítear misin, oiliúint, seirbhísí leighis agus sóisialta, caiteachas maidir le comórtais a eagrú, iarrthóirí a chur faoi agallamh agus costais ionadaíochta,

— caiteachas i leith na n-acmhainní uile arna n-úsáid d'fhonn gníomhaíochtaí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC) a chur chun feidhme; áirítear leis sin:

  — speansais a bhaineann le hoibríocht agus feidhmiú stiúrthóireachtaí JRC: cothabháil thráthrialta foirgneamh, bonneagair theicniúil agus trealaimh eolaíochta; fóntais agus sreabháin; téamh, fuarú, agus aeráil; ábhair agus trealamh ceardlainne; láithreáin, bóithre agus foirgnimh a ghlanadh; bainistíocht dramhaíola, etc.,

  — speansais a bhaineann le hoibríocht agus tacaíocht riaracháin stiúrthóireachtaí JRC: troscán; stáiseanóireacht; teileachumarsáid; doiciméadacht agus foilseacháin; an t-iompar; soláthairtí ilghnéitheacha; árachas ginearálta, etc.,

  — speansais a bhaineann le sábháilteacht agus slándáil na láithreán: sláinte agus sábháilteacht ag an obair; radachosaint; briogáid dóiteáin, etc.,

  — Caiteachas a bhaineann le TF: seomraí ríomhaireachta; crua-earraí agus bogearraí; seirbhísí líonraithe; córais faisnéise; deasc chabhrach agus cúnamh le haghaidh úsáideoirí, etc.,

  — costais neamh-athfhillteacha: athchóiriú, athshlánú agus oibreacha foirgníochta ar na láithreáin JRC. Tugann sé aghaidh ar speansais amhail costais chothabhála eisceachtúla, oibreacha athchóirithe agus dul in oiriúint do chaighdeáin nua.

— caiteachas i leith na n-acmhainní uile chun tionscadail mhóra bonneagair thaighde a mhaoiniú, go háirithe foirgnimh nua a thógáil, athchóiriú iomlán a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann faoi láthair agus trealamh tábhachtach a bhaineann le bonneagar teicniúil na láithreán a cheannach.

Is féidir leithreasuithe a chur leis an leithreasú sin, leithreasuithe a gheobhaidh JRC trí pháirt a ghlacadh ar bhonn iomaíoch i ngníomhaíochtaí indíreacha agus i ngníomhaíochtaí eolaíocha agus teicniúla d'fhonn tacú le beartais an Aontais. Na gníomhaíochtaí de chineál iomaíoch a dhéanann JRC lena gcumhdófar an méid a leanas:

— gníomhaíochtaí arna ndéanamh de réir nósanna imeachta deontais nó soláthair,

— gníomhaíochtaí thar ceann tríú páirtithe,

COIMISIÚN
*TEIDEAL 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT*

**CAIBIDIL 01 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT'** *(Ar lean.)*

***01 01 02*** *(Ar lean.)*

01 01 02 13 *(Ar lean.)*

— gníomhaíochtaí a dhéantar faoi chomhaontú riaracháin le hinstitiúidí eile nó le ranna eile an Choimisiúin d'fhonn seirbhísí teicniúla-eolaíocha a sholáthar.

Bainfear úsáid as ioncam ó ghníomhaíochtaí iomaíocha chun an méid a leanas a chumhdach, inter alia: caiteachas arna thabhú ar bhaill foirne agus ar acmhainní i leith gníomhaíochtaí a thacaíonn le beartais an Aontais agus obair le haghaidh tríú páirtithe a rinne JRC.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 806 000 | 6 0 1 1 |

***01 01 03*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Imoibreora Thrialaigh Theirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER)***

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil seo, tá leithreasuithe faoin airteagal seo beartaithe chun go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le hoifigigh, le baill foirne shealadacha agus sheachtracha, ag a bhfuil poist ar na pleananna bunaíochta údaraithe agus a bhíonn i mbun gníomhaíochta indírí faoi na cláir núicléacha, lena n-áirítear oifigigh agus baill foirne shealadacha ag a bhfuil poist i dtoscaireachtaí an Aontais, chomh maith le caiteachas riaracháin eile i dtaca leis an tionscadal Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER).

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 01 04.

01 01 03 01 Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann ITER chun feidhme

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 6 120 000 | 5 821 795 | 5 409 100,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus le baill foirne shealadacha a chuireann an tionscadal ITER chun feidhme, a bhfuil poist acu ar na pleananna bunaíochta údaraithe agus a bhíonn i mbun gníomhaíochta taighde indírí, lena n-áirítear oifigigh agus baill foirne shealadacha ag a bhfuil poist lasmuigh den Aontas.

01 01 03 02 Pearsanra seachtrach a chuireann ITER chun feidhme

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 244 237 | 215 379 | 202 016,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le pearsanra seachtrach a chuireann an tionscadal ITER chun feidhme, i bhfoirm gníomhaíochtaí taighde indíreacha, lena n-áirítear pearsanra seachtrach ag a bhfuil poist lasmuigh den Aontas.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| Ioncam sannta eile | 440 220 6 0 1 2 |

01 01 03 03 Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh ITER

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 933 235 | 1 682 606 | 1 415 866,08 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas riaracháin eile i dtaca le bainistíocht uile an tionscadail ITER, i bhfoirm gníomhaíochtaí taighde indíreacha, lena n-áirítear caiteachas riaracháin eile arna thabhú ag foireann ag a bhfuil poist lasmuigh den Aontas.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar staidéir, cruinnithe saineolaithe, faisnéis agus foilseacháin atá nasctha go díreach le cuspóirí an tionscadail nó na mbeart a thagann faoin mír seo a bhaint amach agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse ad hoc.

Tá sé beartaithe freisin go gcumhdófar caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin a bhaineann leis an tionscadal a shainaithint, a ullmhú, a bhainistiú, faireachán, iniúchadh agus faireachán a dhéanamh air, amhail comhdhálacha, ceardlanna, seimineáir, misin, oiliúint agus speansais ionadaíochta agus forbairt agus cothabháil chórais TF a bhfuil gá leo chun an tionscadal a bhainistiú agus a chur chun feidhme.

Tá sé beartaithe go gcumhdófar freisin caiteachas a bhaineann le foirgnimh de chuid sheirbhísí an Choimisiúin a bhainistíonn an tionscadal.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT*

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 01 02 | FÍS EORPACH | | | | | | | | |
| ***01 02 01*** | ***Eolaíocht Den Scoth (Colún I)*** | | | | | | | | |
| 01 02 01 01 | An Chomhairle Eorpach um Thaighde | 1 | 2 176 231 124 | 1 363 118 896 | 2 126 150 713 | 1 494 155 883 | 2 112 328 196,25 | 1 144 555 221,10 | 83,97 |
| 01 02 01 02 | Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie | 1 | 899 754 891 | 622 716 236 | 874 130 546 | 607 437 939 | 851 026 817,53 | 348 585 913,99 | 55,98 |
| 01 02 01 03 | Bonneagair thaighde | 1 | 328 973 816 | 290 535 859 | 311 270 713 | 152 261 851 | 302 459 776,— | 210 873 244,45 | 72,58 |
| | *Airteagal 01 02 01 — Fo-iomlán* | | 3 404 959 831 | 2 276 370 991 | 3 311 551 972 | 2 253 855 673 | 3 265 814 789,78 | 1 704 014 379,54 | 74,86 |
| ***01 02 02*** | ***Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach (Colún II)*** | | | | | | | | |
| 01 02 02 10 | An Bhraisle 'Sláinte' | 1 | 675 549 025 | 328 118 657 | 536 129 598 | 160 643 110 | 605 258 579,— | 212 770 929,50 | 64,85 |
| 01 02 02 11 | An bhraisle 'Sláinte' — Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach | 1 | 176 590 534 | 71 264 652 | 201 390 651 | 75 558 700 | 150 905 078,— | 1 360 078,— | 1,91 |
| 01 02 02 12 | An bhraisle 'Sláinte' — Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 | 1 | 144 172 417 | 72 244 509 | 133 693 568 | 54 441 083 | 69 630 152,— | 426 189,63 | 0,59 |
| 01 02 02 20 | An bhraisle 'an Cultúr, an Chruthaitheacht agus an tSochaí Chuimsitheach' | 1 | 306 612 665 | 268 344 237 | 263 019 298 | 217 653 889 | 258 071 012,— | 135 131 205,67 | 50,36 |
| 01 02 02 30 | An bhraisle 'an tSlándáil Shibhialta don tSochaí' | 1 | 204 320 873 | 147 613 948 | 179 433 634 | 164 186 519 | 202 756 055,— | 177 166 670,33 | 120,02 |
| 01 02 02 31 | An bhraisle 'an tSlándáil Shibhialta don tSochaí' — An Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála | 1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 01 02 02 40 | An bhraisle 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás' | 1 | 1 174 980 475 | 1 200 212 079 | 1 153 294 233 | 990 847 723 | 1 287 261 905,— | 1 110 534 781,45 | 92,53 |
| 01 02 02 41 | An bhraisle 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás' — Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach (EuroHPC) | 1 | 125 227 913 | 60 830 207 | 122 390 944 | 136 244 364 | 122 941 000,— | 94 469 501,03 | 155,30 |
| 01 02 02 42 | Braisle 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás'— An Comhghnóthas um Shliseanna | 1 | 518 806 492 | 292 802 657 | 490 897 463 | 267 276 208 | 250 000 000,— | 114 901 633,— | 39,24 |

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **01 02 02** | *(Ar lean.)* | | | | | | | | |
| 01 02 02 43 | An bhraisle 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás' — An Comhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste | 1 | 127 335 018 | 127 551 391 | 131 204 255 | 133 182 898 | 121 529 000,— | 164 304 000,— | 128,81 |
| 01 02 02 50 | Braisle 'Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht' | 1 | 1 309 842 641 | 942 153 278 | 1 108 861 904 | 524 088 847 | 1 289 912 167,43 | 626 993 218,97 | 66,55 |
| 01 02 02 51 | An bhraisle 'Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht' — Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair | 1 | 91 088 542 | 80 381 002 | 86 511 174 | 71 872 743 | 86 280 927,— | 61 928 697,— | 77,04 |
| 01 02 02 52 | An bhraisle 'Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht' — An Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan | 1 | 148 885 217 | 22 611 527 | 231 570 000 | 367 061 957 | 150 583 000,— | 174 035 411,— | 769,68 |
| 01 02 02 53 | An bhraisle 'Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht' — An Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa | 1 | 103 994 557 | 70 949 557 | 91 734 167 | 72 216 259 | 90 590 298,— | 97 408 922,— | 137,29 |
| 01 02 02 54 | An bhraisle 'Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht' — An Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan | 1 | 116 986 367 | 84 483 044 | 195 179 077 | 216 703 846 | 150 000 000,— | 77 834 600,— | 92,13 |
| 01 02 02 60 | An Bhraisle 'Bia, Bithgheilleagar, Acmhainní Nádúrtha, Talmhaíocht agus an Comhshaol' | 1 | 1 061 696 938 | 793 950 581 | 1 042 611 524 | 656 254 638 | 1 011 750 348,— | 901 553 570,97 | 113,55 |
| 01 02 02 61 | An bhraisle 'Bia, an Bithgheilleagar, Acmhainní Nádúrtha, an Talmhaíocht agus an Comhshaol' — An Comhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe | 1 | 144 173 389 | 153 717 118 | 147 800 000 | 85 679 477 | 178 490 000,— | 820 000,— | 0,53 |
| 01 02 02 70 | Gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde | 1 | 32 830 192 | 30 000 000 | 32 345 016 | 28 500 000 | 31 867 011,— | 28 791 563,75 | 95,97 |
| | *Airteagal 01 02 02 — Fo-iomlán* | | 6 463 093 255 | 4 747 228 444 | 6 148 066 506 | 4 222 412 261 | 6 057 826 532,43 | 3 980 430 972,30 | 83,85 |
| ***01 02 03*** | ***Eoraip Nuálach (Colún III)*** | | | | | | | | |
| 01 02 03 01 | An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach | 1 | 1 166 817 277 | 844 837 697 | 1 159 787 387 | 688 834 000 | 1 140 758 925,39 | 680 426 377,72 | 80,54 |
| 01 02 03 02 | Éiceachórais nuálaíochta na hEorpa | 1 | 84 132 515 | 65 066 252 | 67 631 453 | 44 955 069 | 73 351 476,61 | 23 759 616,88 | 36,52 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT*

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **01 02 03** | *(Ar lean.)* | | | | | | | | |
| 01 02 03 03 | An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) | 1 | 409 405 758 | 409 266 819 | 392 016 307 | 351 093 932 | 384 247 983,— | 426 642 000,— | 104,25 |
| | *Airteagal 01 02 03 — Fo-iomlán* | | 1 660 355 550 | 1 319 170 768 | 1 619 435 147 | 1 084 883 001 | 1 598 358 385,— | 1 130 827 994,60 | 85,72 |
| ***01 02 04*** | ***Rannpháirtíocht a mhéadú agus an Limistéar Eorpach Taighde a neartú*** | | | | | | | | |
| 01 02 04 01 | Rannpháirtíocht a mhéadú agus barr feabhais a scaipeadh | 1 | 391 704 081 | 335 137 773 | 382 680 166 | 250 577 864 | 385 001 151,49 | 185 891 246,14 | 55,47 |
| 01 02 04 02 | Córas Taighde agus Nuálaíochta na hEorpa a athchóiriú agus a fheabhsú | 1 | 50 081 028 | 58 719 798 | 49 900 031 | 52 630 608 | 80 895 213,51 | 55 872 368,71 | 95,15 |
| | *Airteagal 01 02 04 — Fo-iomlán* | | 441 785 109 | 393 857 571 | 432 580 197 | 303 208 472 | 465 896 365,— | 241 763 614,85 | 61,38 |
| ***01 02 05*** | ***Gníomhaíochtaí oibríochtúla cothrománacha*** | 1 | 113 727 230 | 133 881 913 | 157 655 567 | 117 784 243 | 140 475 493,73 | 156 766 819,90 | 117,09 |
| ***01 02 99*** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 01 02 99 01 | Cláir thaighde roimhe seo (roimh 2021) a thabhairt i gcrích | 1 | p.m. | 2 149 087 945 | p.m. | 3 147 625 008 | 0,— | 4 194 711 466,18 | 195,19 |
| | *Airteagal 01 02 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 2 149 087 945 | p.m. | 3 147 625 008 | 0,— | 4 194 711 466,18 | 195,19 |
| | **Caibidil 01 02 — IOMLÁN** | | **12 083 920 975** | **11 019 597 632** | **11 669 289 389** | **11 129 768 658** | **11 528 371 565,94** | **11 408 515 247,37** | **103,53** |

*Barúlacha*

Is é is aidhm le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht tionchar a imirt ar bhonn eolaíoch, teicneolaíoch, eacnamaíoch agus ar bhonn na sochaí a bhuí le hinfheistíochtaí an Aontais sa taighde agus sa nuálaíocht chun bunúis eolaíocha agus theicneolaíocha an Aontais a neartú agus a iomaíochas a chothú sna Ballstáit uile, lena n-áirítear ina chuid tionscal, tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a bhaint amach, rannchuidiú le cuspóirí agus beartais an Aontais a ghnóthú, rannchuidiú le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, lena n-áirítear na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe trí phrionsabail Chlár Oibre 2030 agus Chomhaontú Pháras a leanúint agus an Limistéar Eorpach Taighde a neartú. Ar an gcaoi sin, déanfar breisluach Aontais a uasmhéadú le Fís Eorpach trí dhíriú ar chuspóirí agus ar ghníomhaíochtaí nach féidir leis na Ballstáit a bhaint amach go héifeachtach agus iad ag gníomhú ina n-aonar, ach ar féidir leo iad a bhaint amach agus iad ag gníomhú i gcomhar le chéile.

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

Le Fís Eorpach, déanfar na nithe a leanas:

— barr feabhais eolaíochta a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh, tacú le heolas bunúsach agus feidhmeach nua ar ardcháilíocht, scileanna, teicneolaíochtaí agus réitigh a chruthú agus a scaipeadh, oiliúint a chur ar thaighdeoirí agus soghluaisteacht ina measc a chur chun cinn, tallann a mhealladh ar gach leibhéal agus rannchuidiú le rannpháirtíocht iomlán dhíorma thréithigh an Aontais sna gníomhaíochtaí lena dtacaítear faoi Fhís Eorpach,

— eolas a ghiniúint, tionchar an taighde agus na nuálaíochta a neartú chun beartais an Aontais a cheapadh, chun tacú leo agus chun iad a chur chun feidhme, agus tacú leis an rochtain atá ar réitigh nuálacha sa tionscal Eorpach, agus le glacadh na réiteach sin, go háirithe in FBManna, agus sa tsochaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, lena n-áirítear an t-athrú aeráide agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe,

— gach cineál nuálaíochta a chothú, forbairt theicneolaíoch, léiriú agus malartú eolais agus teicneolaíochta a éascú, agus cur chun úsáide agus saothrú réiteach nuálaíochta a neartú,

— an leas is fearr is féidir a bhaint as Fís Eorpach chun an Limistéar Eorpach Taighde a neartú agus a thionchar agus a tharraingt a mhéadú, rannpháirtíochtaí fheabhas-bhunaithe na mBallstát in Fís Eorpach a chothú, lena n-áirítear na Ballstáit ar íseal a bhfeidhmíocht maidir le T&N, agus naisc chomhoibríocha a éascú i dtaighde agus nuálaíocht na hEorpa.

Le Fís Eorpach, áiritheofar cur chun cinn éifeachtach comhdheiseanna do chách agus cur chun feidhme príomhshruthaithe inscne, lena n-áirítear comhtháthú na gné inscne in ábhair T&N.

Déanfar Fís Eorpach a chur chun feidhme i sineirge le cláir eile de chuid an Aontais, agus é mar aidhm aige ag an am céanna simpliú uasta riaracháin a bhaint amach.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gCaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

Ina theannta sin, agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/2094, is as ioncam sannta seachtrach de thoradh fáltas ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh arna iontráil sa ráiteas ioncaim a eascraíonn soláthar leithreasuithe do na cláir arna maoiniú faoin REACT-EU faoi Theidil 05 agus 07 do mhéid iomlán EUR 5 412 000 000 i ngealltanais. B'éigean suimeanna den sórt sin a bheith geallta go dlíthiúil roimh dheireadh 2023 cé is moite den chaiteachas riaracháin a bhfuil na méideanna sonraithe ina leith i nótaí buiséid na línte buiséid ábhartha faoin Teideal seo.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 23).

Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT*

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear Fís Eorpach chun feidhme – an Clár réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/743/AE (IO L 167 I, 12.5.2021, lch 1).

Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha i dtaca le tacaíocht do phleananna straitéiseacha arna dtarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

***01 02 01 Eolaíocht Den Scoth (Colún I)***

*Barúlacha*

Is é is aidhm leis an gcolún seo de chuid Fís Eorpach, barr feabhais eolaíochta a chur chun cinn, scoth na tallainne a mhealladh chun na hEorpa, tacaíocht iomchuí a sholáthar do thaighdeoirí ag luathchéim agus tacú le cruthú agus scaipeadh bharr feabhais eolaíochta, mar aon le heolas, modheolaíochtaí agus scileanna ardchaighdeáin, teicneolaíochtaí agus réitigh ar dhúshláin dhomhanda shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíocha.

Is éard atá sa cholún seo:

— an Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC),

— Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (MSCA),

— bonneagair thaighde.

01 02 01 01 An Chomhairle Eorpach um Thaighde

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 2 176 231 124 | 1 363 118 896 | 2 126 150 713 | 1 494 155 883 | 2 112 328 196,25 | 1 144 555 221,10 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo cistiú tarraingteach solúbtha a sholáthar le go mbeidh taighdeoirí aonair tréitheacha agus cruthaitheacha, le béim ar thaighdeoirí luathchéime, agus a bhfoirne, in ann na goirt is mó a bhfuil gealladh fúthu a threabhadh san eolaíocht cheannródaíoch, gan beann ar a náisiúntacht ná ar a dtír thionscnaimh agus ar bhonn iomaíochta ar fud an Aontais inarb é an barr feabhais an t-aon chritéar.

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 01*** *(Ar lean.)*

01 02 01 01 *(Ar lean.)*

Le gníomhaíochtaí ERC tabharfar tacaíocht do thaighde gan beann ar theorainneacha, ón mbun aníos, a chuirfidh príomh-imscrúdaitheoirí agus a bhfoirne i gcrích sna réimsí ar fad agus iad in iomaíocht ar leibhéal na hEorpa, lena n-áirítear taighdeoirí gairmréime luath-chéime.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 77 038 582 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 112 618 169 6 0 1 0 |

01 02 01 02 Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 899 754 891 | 622 716 236 | 874 130 546 | 607 437 939 | 851 026 817,53 | 348 585 913,99 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo na gníomhaíochtaí agus na gníomhartha a leanas a chumhdach:

Faoin gclár Fís Eorpach, leanann Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (MSCA) de thacú le forbairt gairme agus oiliúint taighdeoirí trí bhíthin soghluaisteacht thrasnáisiúnta, trasearnála agus idirdhisciplíneach. Bainfear sin amach *inter alia* trí chláir oiliúna dochtúireachta den scoth agus nuálacha, comhaltachtaí iardhochtúireachta agus tionscadail chomhoibríocha a fhorbairt lena gcuirtear oiliúint ardchaighdeáin agus caighdeáin fostaíochta agus mheantóireachta chun cinn le haghaidh taighdeoirí ag gach céim dá ngairmeacha beatha, agus trí bhíthin comhar idir eagraíochtaí acadúla agus neamhacadúla san Eoraip agus níos faide i gcéin.

Cuirfidh MSCA le tosaíochtaí agus le misin pholaitiúla an Choimisiúin, agus ag díriú go sonrach ar an gComhaontú Glas don Eoraip, ar an gClár Oibre Digiteach agus ar Eoraip Níos Láidre sa Domhan Mór.

Cuirfidh an Coimisiún na geallsealbhóirí agus na páirtithe leasmhara ar fud an domhain ar an eolas maidir le MSCA agus éascóidh sé a gcuid rannpháirtíochta i Fís Eorpach. Leanfaidh an Coimisiún freisin den phobal a chur ar an eolas maidir leis an tionchar dearfach atá ag na tionscadail taighde arna gcistiú ag MSCA ar a saol laethúil agus chun daltaí agus mic léinn a spreagadh chun smaoineamh ar ghairm bheatha san eolaíocht nó i dtaighde. Thairis sin, tacóidh sé leis na céimithe MSCA chomh maith le líonra pointí teagmhála náisiúnta a thiomnaítear do MSCA.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 31 851 323 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 13 806 837 6 0 1 0 |

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 01*** *(Ar lean.)*

01 02 01 03 Bonneagair thaighde

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 328 973 816 | 290 535 859 | 311 270 713 | 152 261 851 | 302 459 776,— | 210 873 244,45 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo bonneagair thaighde inbhuanaithe den scoth a chothú san Eoraip ar bonneagair iad atá oscailte agus inrochtana do gach taighdeoir san Eoraip agus lasmuigh di, agus leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na mbonneagar sin chun dul chun cinn agus nuálaíocht a dhéanamh san eolaíocht. Is iad na cuspóirí lárnacha atá ann ilroinnt éiceachóras an taighde agus na nuálaíochta a laghdú, dúbailt na n-iarrachtaí a sheachaint, agus comhordú níos fearr a dhéanamh ar dhearadh, forbairt, inrochtaineacht agus úsáid na mbonneagar taighde, lena n-áirítear na bonneagair sin a fhaigheann maoiniú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 11 645 673 | 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 3 539 132 | 6 0 1 0 |

***01 02 02*** ***Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach (Colún II)***

*Barúlacha*

Tá an colún seo beartaithe chun tacú le heolas, teicneolaíochtaí agus réitigh inbhuanaithe nua ardchaighdeáin a chruthú agus a scaipeadh níos fearr, iomaíochas na tionsclaíochta Eorpaí a neartú, tionchar an taighde agus na nuálaíochta a neartú ó thaobh forbairt agus cur chun feidhme bheartais an Aontais agus tacú leo, agus tacú leis an nglacadh le réitigh nuálacha sa tionsclaíocht, go háirithe in FBManna agus i ngnólachtaí nuathionscanta, agus sa tsochaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda.

Chun solúbthacht agus sineirgí tionchair a uasmhéadú, eagrófar gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i sé chnuasach, idirnasctha trí bhonneagair thaighde uile-Eorpacha, a dhéanfaidh comhar idirdhisciplíneach, trasearnálach, trasbheartais, trasteorann agus idirnáisiúnta a dhreasú, ina n-aonar agus le chéile.

Áirítear na sé bhraisle a leanas leis an gcolún seo:

— Sláinte,

— An Cultúr, an Chruthaitheacht agus an tSochaí Chuimsitheach,

— An tSlándáil Shibhialta don tSochaí,

— Digiteach, Tionscal agus Spás,

***01 02 02*** *(Ar lean.)*

— Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht,

— Bia, Bithgheilleagar, Acmhainní Nádúrtha, Talmhaíocht agus an Comhshaol

agus gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde.

Déanfar eolaíochtaí sóisialta agus daonnachtaí a chomhtháthú go hiomlán thar gach braisle, lena n-áirítear gníomhaíochtaí sonracha agus tiomnaithe. Leis an gcolún seo de chuid Fís Eorpach, cumhdófar gníomhaíochtaí ó raon leathan de Leibhéil na hUllmhachta Teicneolaí, lena n-áirítear Leibhéil níos ísle na hUllmhachta Teicneolaí. Cuireann gach braisle le roinnt Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe; agus tacaítear le go leor de na spriocanna sin le níos mó ná braisle amháin. Tá fíorthábhacht leis an gcomhionannas inscne chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe a bhaint amach; dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go ndéanfaí an ghné inscne a chomhtháthú i ngach dúshlán domhanda.

01 02 02 10 An Bhraisle 'Sláinte'

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 675 549 025 | 328 118 657 | 536 129 598 | 160 643 110 | 605 258 579,— | 212 770 929,50 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí lena bhfeabhsófar agus lena gcosnófar sláinte agus folláine saoránach ag gach aois. Leis sin, ginfear eolas nua, forbrófar réitigh nuálacha, agus áiritheofar i gcás inarb ábhartha comhtháthú ghné na hinscne chun an méid a leanas a dhéanamh:

— galair a chosc, a dhiagnóisiú, faireachán a dhéanamh orthu, cóir leighis a chur orthu agus iad a leigheas,

— teicneolaíochtaí sláinte a fhorbairt,

— rioscaí sláinte a mhaolú,

— daonraí a chosaint,

— dea-shláinte agus folláine a chur chun cinn, san ionad oibre freisin,

— córais sláinte phoiblí a dhéanamh níos costéifeachtaí, níos cothroime agus níos inbhuanaithe,

— galair a bhaineann leis an mbochtaineacht a chosc agus dul i ngleic leo, agus tacú le rannpháirtíocht agus le háitíocht úinéara othar agus an méid sin a chumasú.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 23 914 435 | 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 14 925 267 | 6 0 1 0 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT*

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 02*** *(Ar lean.)*

01 02 02 11 An bhraisle 'Sláinte' — Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 176 590 534 | 71 264 652 | 201 390 651 | 75 558 700 | 150 905 078,— | 1 360 078,— |

*Barúlacha*

Cuirfidh Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach le cur chun feidhme Fís Eorpach, go háirithe an bhraisle 'Sláinte'. Cuideoidh sé le héiceachóras taighde agus nuálaíochta don tsláinte a chruthú ar fud an Aontais a éascaíonn aistriú eolais eolaíoch chuig nuálaíochtaí inláimhsithe. Cothóidh sé forbairt táirgí agus seirbhísí sábháilte, éifeachtacha, duine-lárnacha agus costéifeachtacha a dhíríonn ar na príomhriachtanais sláinte poiblí nach bhfreastalaítear orthu agus a spreagann nuálaíocht sláinte trasearnála le haghaidh tionscal sláinte san Eoraip atá iomaíoch go domhanda. Cumhdóidh sé cosc, diagnóisic, cóireáil agus bainistíocht galar a bhfuil tionchar acu ar dhaonra an Aontais lena n-áirítear Plean Sáraithe Ailse na hEorpa. Cuirfidh an tionscnamh le cuspóirí na Straitéise Nua Tionsclaíche don Eoraip agus na Straitéise Cógaisíochta don Eoraip a bhaint amach.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 6 251 305 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

01 02 02 12 An bhraisle 'Sláinte' — Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 144 172 417 | 72 244 509 | 133 693 568 | 54 441 083 | 69 630 152,— | 426 189,63 |

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 02*** *(Ar lean.)*

01 02 02 12 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Cuirfidh Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 le cur chun feidhme Fís Eorpach, go háirithe an bhraisle ‘Sláinte’. Seachadfaidh sé réitigh nua chun ualach na ngalar tógálach a laghdú san Afraic Fho-Shahárach, agus inniúlachtaí taighde a neartú chun ullmhú do ghalair thógálacha atá á nochtadh féin in athuair agus freagairt orthu san Afraic Fho-Shahárach agus ar fud an domhain.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 5 103 704 | 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

01 02 02 20 An bhraisle ‘an Cultúr, an Chruthaitheacht agus an tSochaí Chuimsitheach’

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 306 612 665 | 268 344 237 | 263 019 298 | 217 653 889 | 258 071 012,— | 135 131 205,67 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo luachanna daonlathacha a neartú, lena n-áirítear an smacht reachta agus cearta bunúsacha, ár n-oidhreacht chultúrtha a choimirciú, poitéinseal na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha a thaiscéaladh, agus claochluithe socheacnamaíocha a rannchuidíonn le cuimsiú agus fás a chur chun cinn, lena n-áirítear bainistiú ar imirce agus lánpháirtiú imirceach.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin méadú a chumhdach a bhfuil gá leis chun gné na hinscne a chomhtháthú níos fearr.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 10 854 088 | 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 3 754 233 | 6 0 1 0 |

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 02*** *(Ar lean.)*

01 02 02 20 *(Ar lean.)*

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais, tá méid EUR 19 051 698 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas ar fáil don ítim seo mar thoradh ar shaoradh arna dhéanamh in 2022 toisc nár cuireadh chun feidhme tionscadail taighde go hiomlán ná i bpáirt.

01 02 02 30 An bhraisle 'an tSlándáil Shibhialta don tSochaí'

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 204 320 873 | 147 613 948 | 179 433 634 | 164 186 519 | 202 756 055,— | 177 166 670,33 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn as bagairtí slándála leanúnacha, lena n-áirítear coireacht atá bainteach le ríomhaireacht, chomh maith le tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéanamh an duine. Díreofar go heisiach ar fheidhmeanna sibhialta le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta faoin mbraisle sin. I bhfianaise go bhfuil limistéir teicneolaíochta dé-úsáide ann, lorgófar comhordú le taighde cosanta atá á chistiú ag an Aontas chun sineirgí a neartú. Tabharfar aird chuí ar thuiscint agus ar dhearcadh an duine ar an tslándáil. Freagraíonn an taighde slándála do ghealltanas Chlár Oibre na Róimhe le hobair i dtreo 'Eoraip atá sábháilte agus slán', agus rannchuidítear le hAontas Slándála éifeachtach agus dílis.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 7 232 959 | 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 7 248 257 | 6 0 1 0 |

01 02 02 31 An bhraisle 'an tSlándáil Shibhialta don tSochaí' — An Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 02*** *(Ar lean.)*

01 02 02 31 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Cuirfidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála le cur chun feidhme na coda den Chlár don Eoraip Dhigiteach agus den chlár Fís Eorpach a bhaineann leis an gcibearshlándáil. Is é is cuspóir don Lárionad inniúlachtaí, eolas agus bonneagair cibearshlándála a fheabhsú chun freastal ar thionscail, ar an earnáil phoiblí agus ar phobail taighde.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/887 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin (IO L 202, 8.6.2021, lch. 1).

01 02 02 40 An bhraisle 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás'

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 1 174 980 475 | 1 200 212 079 | 1 153 294 233 | 990 847 723 | 1 287 261 905,— | 1 110 534 781,45 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo inniúlachtaí a dhaingniú agus chun ceannasacht na hEorpa i bpríomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin digitithe agus táirgeachta, agus i dteicneolaíocht spáis a chosaint, ar feadh an tslabhra luacha; tionscal iomaíoch, digiteach, ísealcharbóin agus ciorclach a thógáil; soláthar inbhuanaithe amhábhar a áirithiú; ábhair ardfhorbartha a fhorbairt agus bonn a sholáthar don dul chun cinn agus don nuálaíocht maidir le dúshláin shochaíocha dhomhanda.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 41 594 309 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 50 753 173 6 0 1 0 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT*

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 02*** *(Ar lean.)*

01 02 02 40 *(Ar lean.)*

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais, tá méid EUR 47 682 791 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas ar fáil don ítim seo mar thoradh ar shaoradh arna dhéanamh in 2022 toisc nár cuireadh chun feidhme tionscadail taighde go hiomlán ná i bpáirt.

01 02 02 41 An bhraisle 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás' — Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach (EuroHPC)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 125 227 913 | 60 830 207 | 122 390 944 | 136 244 364 | 122 941 000,— | 94 469 501,03 |

*Barúlacha*

Cuirfidh an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach (EuroHPC) le cur chun feidhme Fís Eorpach, go háirithe an bhraisle 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás'. Is é a bheidh de chuspóir leis an Eoraip a chur chun tosaigh arís ar an teicneolaíocht sár-ríomhaireachta agus ar rochtain a sholáthar do thaighdeoirí, do thionscail, do FBManna agus d'údaráis phoiblí ar sár-ríomhairí den scoth agus a n-ionchas nuálaíochta agus claochlaithe á réadú acu.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 4 433 068 | 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488 (IO L 256, 19.7.2021, lch. 3).

01 02 02 42 Braisle 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás'— An Comhghnóthas um Shliseanna

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 518 806 492 | 292 802 657 | 490 897 463 | 267 276 208 | 250 000 000,— | 114 901 633,— |

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 02*** *(Ar lean.)*

01 02 02 42 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Cuirfidh an Comhghnóthas um Shliseanna le cur chun feidhme Fís Eorpach, go háirithe an bhraisle 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás' agus é mar aidhm leis tacú leis an méid seo a leanas:

— fothú acmhainneachta ar mórscála san infheistíocht uile a dhéantar i mbonneagar trasteorann taighde, forbartha agus nuálaíochta atá inrochtana go hoscailte, ar bonneagar é atá bunaithe san Aontas chun gur féidir teicneolaíochtaí leathsheoltóra úrscothacha agus den chéad ghlúin eile a fhorbairt lena dtreiseofar ardacmhainneacht dearthóireachta, comhtháthaithe córas agus táirgthe sliseanna an Aontais, lena n-áirítear béim ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar ghnólachtaí atá ag méadú;

— eochairtheicneolaíochtaí digiteacha lena gcuimsítear comhpháirteanna leictreonacha, dearadh, monarú agus comhtháthú na dteicneolaíochtaí sin i gcórais agus na bogearraí lena sainítear an chaoi a n-oibríonn siad. Is é is cuspóir uileghabhálach don chomhpháirtíocht seo tacú le claochlú digiteach gach earnála eacnamaíche agus sochaíche, an claochlú a chur ag obair don Eoraip agus tacú leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 18 365 750 6 6 0 0 |

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais, tá méid EUR 26 059 125 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas ar fáil don ítim seo mar thoradh ar shaoradh arna dhéanamh in 2022 toisc nár cuireadh chun feidhme tionscadail taighde go hiomlán ná i bpáirt.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

Rialachán (AE) 2023/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 (an Gníomh um Shliseanna) (IO L 229 18.9.2023, lch 1).

Rialachán (AE) 2023/1782 ón gComhairle an 25 Iúil 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach, a mhéid a bhaineann leis an gomhghnóthas um Shliseanna (IO L 229, 18.9.2023, lch. 55).

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 02*** *(Ar lean.)*

01 02 02 43 An bhraisle 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás' — An Comhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 127 335 018 | 127 551 391 | 131 204 255 | 133 182 898 | 121 529 000,— | 164 304 000,— |

*Barúlacha*

Cuirfidh an Comhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste le cur chun feidhme Fís Eorpach, go háirithe an bhraisle 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás'. Tacóidh an chomhpháirtíocht seo le ceannasacht teicneolaíochta le haghaidh líonraí agus seirbhísí cliste i gcomhréir leis an Straitéis nua Thionsclaíoch don Eoraip agus an bosca uirlisí cibearshlándála 5G. Tá sé mar aidhm aici cuidiú le dúshláin shochaíocha a réiteach agus an t-aistriú digiteach agus glas a éascú. Maidir le géarchéim COVID-19, tacóidh an chomhpháirtíocht le teicneolaíochtaí a fhreagraíonn ar an ngéarchéim sláinte agus ar an téarnamh eacnamaíoch araon. Cuirfidh an chomhpháirtíocht ar chumas gníomhaithe Eorpacha na hinniúlachtaí teicneolaíochta le haghaidh córais 6G a fhorbairt mar bhonn faoi sheirbhísí dhigiteacha amach anseo i dtreo 2030.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 4 507 660 | 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

01 02 02 50 Braisle 'Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht'

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 1 309 842 641 | 942 153 278 | 1 108 861 904 | 524 088 847 | 1 289 912 167,43 | 626 993 218,97 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide a chumhdach trí thuiscint níos fearr a fháil ar na cúiseanna atá leis, a éabhlóid agus na rioscaí, na tionchair agus na deiseanna a bhaineann leis, agus trí earnáil an fhuinnimh agus earnáil an iompair a dhéanamh níos neamhdhíobhálaí don aeráid agus don chomhshaol, níos éifeachtaí agus níos iomaíche, níos cliste, níos sábháilte agus níos athléimní.

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 02*** *(Ar lean.)*

01 02 02 50 *(Ar lean.)*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 46 368 429 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 67 766 305 6 0 1 0 |

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais, tá méid EUR 2 464 876 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas ar fáil don ítim seo mar thoradh ar shaoradh arna dhéanamh in 2022 toisc nár cuireadh chun feidhme tionscadail taighde go hiomlán ná i bpáirt.

01 02 02 51 An bhraisle ‘Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht’ — Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 91 088 542 | 80 381 002 | 86 511 174 | 71 872 743 | 86 280 927,— | 61 928 697,— |

*Barúlacha*

Cuirfidh Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair le cur chun feidhme Fís Eorpach, go háirithe an bhraisle ‘Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht’. Is é is aidhm leis an tionscnamh seo bainistíocht aerthráchta a chlaochlú go digiteach, d’fhonn an spéir is éifeachtaí agus is oiriúnaí don chomhshaol ar domhan a dhéanamh d’aerspás na hEorpa agus tacú le hiomaíochas agus téarnamh earnáil eitlíochta na hEorpa i ndiaidh ghéarchéim COVID-19. Is iad seo a leanas na cuspóirí atá leis: nascacht, comhtháthú agus uathoibriú idir aer agus talamh a fheabhsú, ag méadú sholúbthacht agus inscálaitheacht na bainistíochta aerspáis agus comhtháthú sábháilte aerárthaí gan foireann.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 3 224 534 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 02*** *(Ar lean.)*

01 02 02 52 An bhraisle 'Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht' — An Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 148 885 217 | 22 611 527 | 231 570 000 | 367 061 957 | 150 583 000,— | 174 035 411,— |

*Barúlacha*

Cuirfidh an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan le cur chun feidhme Fís Eorpach, go háirithe an bhraisle 'Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht'. Cuireann sí an eitlíocht ar an mbealach ceart le haeráidneodracht a bhaint amach, ag cur dlús le forbairt, comhtháthú agus fíorú réiteach taighde agus nuálaíochta atá suaiteach den chuid is mó ionas gur féidir iad a chur in úsáid a luaithe agus is féidir. Tá sé mar aidhm leis freisin an chéad ghlúin eile d'aerárthaí ísealcharbóin an-éifeachtúil a fhorbairt, ag a mbeidh foinsí, innill agus córais chumhachta núíosacha, a thiocfaidh chun cinn ón gcéim taighde agus taispeántais ag ardleibhéil réidhe teicneolaíochta .

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 5 270 537 | 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

01 02 02 53 An bhraisle 'Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht' — An Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 103 994 557 | 70 949 557 | 91 734 167 | 72 216 259 | 90 590 298,— | 97 408 922,— |

*Barúlacha*

Cuirfidh Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa le cur chun feidhme an chláir Fís Eorpach, an bhraisle 'Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht' go háirithe. Cuirfidh sé dlús le forbairt agus cur in úsáid teicneolaíochtaí nuálacha (teicneolaíochtaí digiteacha agus uathoibrithe go háirithe) chun córas iarnróid Eorpach éifeachtúil a bhaint amach, córas a bheidh níos tarraingtí, níos soláimhsithe, níos iomaíche, níos inacmhainne, níos éasca a choinneáil ar bun agus chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a chomhlíonadh, cuid shubstaintiúil den 75 % den lasta intíre a iompaítear de bhóthar a aistriú chuig iompar d'iarnród agus ar uiscebhealaí intíre, mar shampla.

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 02*** *(Ar lean.)*

01 02 02 53 *(Ar lean.)*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 3 681 407 | 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

01 02 02 54 An bhraisle ‘Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht’ — An Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 116 986 367 | 84 483 044 | 195 179 077 | 216 703 846 | 150 000 000,— | 77 834 600,— |

*Barúlacha*

Cuirfidh an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan le cur chun feidhme Fís Eorpach, go háirithe an bhraisle ‘Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht’. Cuirfidh sé dlús le forbairt agus cur in úsáid shlabhra luacha na hEorpa le haghaidh teicneolaíochtaí hidrigine glaine, d’fhonn rannchuidiú le córas fuinnimh atá inbhuanaithe, dícharbónaithe agus go hiomlán comhtháite. Díreofar ar hidrigin ghlan a tháirgeadh, a dháileadh agus a stóráil, agus soláthar a dhéanamh d’earnálacha atá deacair a dhícharbónú, amhail tionscail throma agus feidhmeanna iompair tromshaothair.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 4 141 317 | 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 60 000 000 | 6 0 1 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 02*** *(Ar lean.)*

01 02 02 60 An Bhraisle 'Bia, Bithgheilleagar, Acmhainní Nádúrtha, Talmhaíocht agus an Comhshaol'

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 1 061 696 938 | 793 950 581 | 1 042 611 524 | 656 254 638 | 1 011 750 348,— | 901 553 570,97 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo bonn eolais a thógáil agus chun réitigh a sholáthar chun an méid a leanas a dhéanamh: an comhshaol a chosaint; acmhainní nádúrtha agus acmhainní bitheolaíocha ón talamh, ó uiscí inmheánacha agus ón bhfarraige a athbhunú agus a bhainistiú go hinbhuanaithe chun stop a chur le cailliúint bithéagsúlachta; aghaidh a thabhairt ar shlándáil bia agus cothaithe do gach duine, tacú leis an athrú chuig geilleagar ciorclach ísealcharbóin atá tíosach ar acmhainní; agus bithgheilleagar inbhuanaithe a fhorbairt.

Leis na gníomhaíochtaí sin, cuideofar leis an mbithéagsúlacht a chothabháil agus a fheabhsú agus soláthar fadtéarma seirbhísí éiceachórais, amhail oiriúnú don athrú aeráide agus a mhaolú agus ceapadh carbóin (ar talamh agus ar muir araon) a dhaingniú. Cuideoidh siad le gás ceaptha teasa, astaíochtaí eile, dramhaíl agus truailliú ó ghníomhaíochtaí táirgthe príomhúla (idir chríochach agus uisceach), úsáid ábhair ghuaiseacha, próiseála, tomhaltais agus ó ghníomhaíochtaí eile daoine a laghdú. Ina theannta sin, cothóidh gníomhaíochtaí cuir chuige rannpháirteacha maidir le taighde agus nuálaíocht, lena n-áireofar cur chuige ilghníomhaí agus forbróidh siad eolas agus córais nuálaíochta ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 37 584 072 | 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 12 889 771 | 6 0 1 0 |

01 02 02 61 An bhraisle 'Bia, an Bithgheilleagar, Acmhainní Nádúrtha, an Talmhaíocht agus an Comhshaol' — An Comhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 144 173 389 | 153 717 118 | 147 800 000 | 85 679 477 | 178 490 000,— | 820 000,— |

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 02*** *(Ar lean.)*

01 02 02 61 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Cuirfidh an Comhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach le cur chun feidhme Fís Eorpach, go háirithe an bhraisle 'Bia, an Bithgheilleagar, Acmhainní Nádúrtha, an Talmhaíocht agus an Comhshaol'. Is é is aidhm leis foinsiú inbhuanaithe agus iompú bithmhaise go táirgí bithbhunaithe a fhorbairt agus a mhéadú trí dhíriú ar phróiseáil bhithscaglainne ilscála, agus ag cur chun feidhme cuir chuige um gheilleagar ciorclach, amhail dramhaíl bhitheolaíoch ó earnálacha talmhaíochta, tionscail agus cathracha a úsáid. Tá sé mar aidhm leis tacaíocht a thabhairt do chur in úsáid nuálaíochta bithbhunaithe ag leibhéal réigiúnach le rannpháirtíocht ghníomhach gníomhaithe áitiúla freisin, d'fhonn réigiúin tuaithe, chósta agus imeallacha a athbheochan.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 5 103 738 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

01 02 02 70 Gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 32 830 192 | 30 000 000 | 32 345 016 | 28 500 000 | 31 867 011,— | 28 791 563,75 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an tacaíocht eolaíoch agus an tacaíocht theicniúil agus na gníomhaíochtaí taighde a dhéanann an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC).

Tá fianaise eolaíoch ardcháilíochta agus iontaofa ríthábhachtach le haghaidh dea-bheartais phoiblí. Teastaíonn fianaise thrédhearcach, chuimsitheach, chothromaithe i gcomhair tionscnaimh agus tograí nua le haghaidh reachtaíocht ón Aontas, ach teastaíonn fianaise chun dul chun cinn a thomhas agus faireachán a dhéanamh agus beartais á gcur chun feidhme.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT*

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 02*** *(Ar lean.)*

01 02 02 70 *(Ar lean.)*

Cuireann JRC breisluach le beartais an Aontais cion agus go mbíonn eolaíocht ildisciplíneach den scoth á cleachtadh ann agus í neamhspleách ar leasanna náisiúnta, príobháideacha agus ar leasanna seachtracha eile. Bíonn sé bainteach le gach réimse de bheartas an Aontais, ag cur na tacaíochta trasearnála a bhíonn de dhíth ar lucht ceaptha beartas ar fáil chun dul i ngleic le dúshláin shochaíocha a bhíonn ag éirí níos casta i gcónaí. De bharr neamhspleáchas JRC ar leasanna speisialta mar aon lena ról tagartha eolaíoch-teicniúil, cumasaítear dó comhthoil a éascú idir páirtithe leasmhara agus gníomhaithe eile amhail saoránaigh agus lucht ceaptha beartas. Ós cumas dá chuid freagairt go mear do riachtanais bheartais, bíonn gníomhaíochtaí JRC comhlántach le gníomhaíochtaí neamhdhíreacha lena mbaineann an aidhm tacú le cuspóirí beartais fadtéarma.

Déanann JRC a thaighde féin agus is bainisteoir straitéiseach eolais, faisnéise, sonraí agus inniúlachtaí é chun fianaise ardcháilíochta ábhartha a sholáthar ar mhaithe le beartais níos cliste. Chuige sin, oibríonn JRC i gcomhar leis na heagraíochtaí is fearr ar fud an domhain, agus le saineolaithe agus páirtithe leasmhara idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnacha. Lena thaighde, rannchuidítear le cuspóirí agus tosaíochtaí ginearálta Fís Eorpach, soláthraítear eolas eolaíoch neamhspleách, comhairle agus tacaíocht theicniúil do bheartais an Aontais le linn thimthriall iomlán na mbeartas, agus dírítear ar thosaíochtaí bheartais an Aontais, a thacaíonn le hEoraip atá sábháilte agus slán, rathúil agus inbhuanaithe, sóisialta agus níos láidre ar ardán an domhain.

Cumhdaítear leis an leithreasú sin caiteachas sonrach a bhaineann le gníomhaíochtaí taighde agus tacaíochta, lena n-áirítear trealamh eolaíochta agus trealamh teicniúil a cheannach, seirbhísí eolaíochta agus seirbhísí teicniúla a chur amach ar fochonradh, rochtain ar fhaisnéis agus tomhaltáin a éadáil. Áirítear leis seo caiteachas maidir le bonneagar eolaíochta arna thabhú go díreach maidir leis na tionscadail lena mbaineann, chomh maith le speansais úsáideoirí seachtracha a fhaigheann rochtain ar bhonneagair thaighde fhisiceacha de chuid an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde chun taighde a dhéanamh, chun forbairt thurgnamhach a ghabháil ar láimh, nó chun oideachas agus oiliúint a sholáthar.

Cumhdaítear leis freisin aon chineál caiteachais maidir le taighde agus cúraimí tacaíochta eolaíocha a bhaineann le gníomhaíochtaí faoin mír seo a cuireadh de chúram ar an Airmheán Comhpháirteach Taighde faoi chuimsiú a rannpháirtíochta ar bhonn iomaíoch mar thacaíocht le beartais an Aontais agus ar son páirtithe leasmhara.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 1 162 189 | 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 8 500 000 | 6 0 1 0 |

***01 02 03*** ***Eoraip Nuálach (Colún III)***

*Barúlacha*

Déanfaidh an colún seo gach cineál nuálaíochta a chothú, lena n-áireofar nuálaíocht neamhtheicneolaíoch, laistigh de FBManna go príomha lena n-áireofar cuideachtaí nuathionscanta, trí fhorbairt theicneolaíoch, léiriú agus malartú eolais a éascú, agus trí chur chun úsáide réiteach nuálaíochta a neartú.

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 03*** *(Ar lean.)*

Déanfar foráil leis an gcolún sin freisin do ghníomhaíochtaí arna bhforbairt faoin Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), go háirithe trína Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna). Áiritheofar sineirgí córasacha idir an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (EIC) agus EIT. Féadfar cuideachtaí nuálacha a eascraíonn as PEN EIT a chur i dtreo CNE chun sruth ionchasach nuálaíochtaí nach bhfuil iontaofa ó thaobh brabúis de go fóill a chruthú, agus ag an am céanna, féadfar rochtain ar an tacaíocht bhreise sin a thairiscint do chuideachtaí nuálacha a bhfuil ardacmhainneacht acu, arna gcistiú ag CNE, nach bhfuil rannpháirteach i gceann de PENanna EIT go fóill.

Cé go bhféadfaidh CNE agus na PENanna EIT tacaíocht dhíreach a thabhairt do nuálaíochtaí ar fud an Aontais, ní mór an timpeallacht fhoriomlán ina ndéantar nuálaíochtaí Eorpacha a chothú agus ina dtagann siad chun cinn a fhorbairt agus a fheabhsú a thuilleadh: cuireann torthaí an taighde bhunúsaigh le nuálaíochtaí a chruthófar leis na margaí. Ní mór go mbeadh iarracht chomhchoiteann Eorpach ann chun tacú leis an nuálaíocht i ngach cearn den Eoraip, agus i ngach cineál agus i ngach gné a bhaineann léi, lena n-áirítear trí bheartais chomhlántacha Aontais, náisiúnta agus réigiúnacha (lena n-áirítear trí shineirgí éifeachtacha le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus straitéisí speisialaithe cliste) agus trí acmhainní comhlántacha aon uair is féidir. Dá bhrí sin, déantar foráil leis an gcolún sin do shásraí comhordaithe agus comhair athnuaite agus atreisithe leis na Ballstáit agus le tíortha comhlachaithe, ach le tionscnaimh phríobháideacha freisin, chun tacú le gach gníomhaí de chuid éiceachórais nuálaíochta na hEorpa, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil.

Ina theannta sin, mar iarracht leanúnach chun cumais maoiniúcháin riosca a fheabhsú don taighde agus don nuálaíocht san Eoraip, beidh dlúthnasc idir an colún seo agus Clár InvestEU. Ag tógáil ar an rath a bhí ar InnovFin faoi Fís 2020 agus leis an taithí a fuarthas faoin gclár, agus faoin gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha chomh maith, cuirfidh Clár InvestEU feabhas ar an rochtain ar mhaoiniú riosca d'eintitis atá iontaofa ó thaobh brabúis de, agus d'infheisteoirí freisin.

01 02 03 01 An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 1 166 817 277 | 844 837 697 | 1 159 787 387 | 688 834 000 | 1 140 758 925,39 | 680 426 377,72 |

*Barúlacha*

Tá an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) beartaithe chun díriú go príomha ar nuálaíocht cheannródaíoch agus ar nuálaíocht shuaiteach, agus é ag díriú go háirithe ar nuálaíocht lena gcruthófar margaí, agus é ag tacú le gach cineál nuálaíochta freisin, lena n-áirítear nuálaíocht incriminteach.

Déanfaidh CNE:

— nuálaíochtaí ardriosca de gach cineál a shainaithint, a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear nuálaíochtaí céimneacha le béim láidir ar nuálaíochtaí ceannródaíocha, suaiteacha agus teicneolaíochta doimhne a bhfuil ionchas iontu a bheith ina nuálaíochtaí lena gcruthófar margaí, agus

***01 02 03*** *(Ar lean.)*

01 02 03 01 *(Ar lean.)*

— tacú le cuideachtaí nuálacha ar FBManna iad go príomha, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus i gcásanna eisceachtúla cuideachtaí beaga meánchaipitlithe a chur in úsáid go gasta ar scála níos leithne ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta ar feadh na conaire ó na smaointe bunúsacha go dtí an margadh.

I gcás inarb ábhartha, rannchuideoidh CNE le gníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht faoi chodanna eile de Fís Eorpach, go háirithe i gColún II.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 41 305 332 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 62 182 089 6 0 1 0 |

01 02 03 02 Éiceachórais nuálaíochta na hEorpa

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 84 132 515 | 65 066 252 | 67 631 453 | 44 955 069 | 73 351 476,61 | 23 759 616,88 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo cur le gach cineál nuálaíochta, chun freastal ar gach nuálaí ar fud an Aontais agus chun tacaíocht leordhóthanach a sholáthar dóibh trí bhíthin na nithe a leanas a dhéanamh:

— éiceachóras nuálaíochta éifeachtach a fhorbairt ar leibhéal an Aontais,

— comhar agus líonrú a spreagadh, agus smaointe agus eolas a mhalartú,

— próisis nuála oscailte in eagraíochtaí a fhorbairt,

— tacú le cistiú agus le scileanna i measc éiceachóras nuálaíochta náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Áireofar leis na gníomhaíochtaí nasc a dhéanamh le gníomhaithe nuálaíochta náisiúnta agus réigiúnacha agus tacú le cláir nuálaíochta trasteorann chomhpháirteacha a chuirfear chun feidhme ag Ballstáit, ag réigiúin agus ag tíortha comhlachaithe. Ba cheart é sin a chur chun feidhme i sineirge inter alia le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa um éiceachórais nuálaíochta agus comhpháirtíochtaí idir-réigiúnacha maidir le hábhair speisialaithe chliste.

***01 02 03*** *(Ar lean.)*

01 02 03 02 *(Ar lean.)*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 2 978 291 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 3 245 160 6 0 1 0 |

01 02 03 03 An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 409 405 758 | 409 266 819 | 392 016 307 | 351 093 932 | 384 247 983,— | 426 642 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar foireann agus caiteachas riaracháin EIT, agus caiteachas oibríochtúil a bhaineann leis an gclár oibre, lena n-áirítear na Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) arna n-ainmniú ag EIT.

Is é misean foriomlán EIT cur le fás eacnamaíoch agus iomaíochas inbhuanaithe na hEorpa agus trí acmhainn nuálaíochta na mBallstát agus an Aontais a athneartú. Go háirithe, athneartaíonn EIT acmhainneacht nuálaíochta agus feidhmíochta an Aontais agus tugann sé aghaidh ar dhúshláin shochaíocha trí thriantán eolais an ardoideachais, an taighde agus na nuálaíochta a chomhtháthú. Oibríonn EIT trí bhíthin a PENanna: comhpháirtíochtaí Eorpacha ar mórscála a thugann aghaidh ar dhúshláin shochaíocha shonracha trí eagraíochtaí oideachais, taighde agus gnó a thabhairt le chéile. Soláthraíonn EIT deontais do na PENanna, déanann sé faireachán ar a ngníomhaíochtaí, tacaíonn sé le comhar idir na PENanna agus scaipeann sé torthaí agus dea-chleachtais.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 14 492 964 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 4 629 838 6 0 1 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/819 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (IO L 189, 28.5.2021, lch. 61).

Cinneadh 2021/820 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 maidir le Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) 2021-2027: Borradh a chur faoi Thallann Nuálaíochta agus faoi Chumas Nuálaíochta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1312/2013/AE (IO L 189, 28.5.2021, lgh. 91-118).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT*

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

### *01 02 04 Rannpháirtíocht a mhéadú agus an Limistéar Eorpach Taighde a neartú*

*Barúlacha*

Leis na leithreasuithe faoin Airteagal seo tacófar le gníomhaíochtaí a chuidíonn le tallann a mhealladh, le cúrsaíocht daoine oilte a chothú agus le himirce daoine oilte a chosc, chomh maith le hEoraip atá níos eolasbhunaithe agus níos nuálaí agus níos comhionainne ó thaobh na hinscne de atá chun tosaigh ar iomaíochas domhanda lena gcothófar comhar trasnáisiúnta agus lena mbarrfheabhsófar láidreachtaí agus cumas náisiúnta ar fud na hEorpa dá réir sin. Tacófar le Limistéar Eorpach Taighde dea-fheidhmíochta, áit ina bhfuil saorchúrsaíocht ag eolas agus ag lucht oibre ard-oilte ar bhealach cothrom, ina scaiptear torthaí an taighde agus na nuálaíochta go forleathan chuig saoránaigh eolacha, ina dtuigeann siad na torthaí sin agus ina bhfuil iontaobhas acu iontu, agus ina mbunaítear beartas an Aontais, go háirithe beartas an taighde agus na nuálaíochta, ar fhianaise eolaíochta ardchaighdeáin.

Tacóidh sé le gníomhaíochtaí atá ceaptha chun an méid a leanas a dhéanamh freisin:

— feabhas a chur ar an gcáilíocht tograí ó eintitis dhlítheanacha ó Bhallstáit ísealfheidhmíochta taighde agus nuálaíochta, amhail seiceálacha agus comhairle réamhthogra ghairmiúil,

— borradh a chur faoi ghníomhaíochtaí pointí teagmhála náisiúnta chun tacú le líonrú idirnáisiúnta,

— gníomhaíochtaí atá ceaptha chun tacú le heintitis dhlítheanacha ó Bhallstáit ísealfheidhmíochta taighde agus nuálaíochta páirt a ghlacadh i dtionscadail chomhoibríocha arna roghnú cheana féin.

01 02 04 01 Rannpháirtíocht a mhéadú agus barr feabhais a scaipeadh

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 391 704 081 | 335 137 773 | 382 680 166 | 250 577 864 | 385 001 151,49 | 185 891 246,14 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo éagothromaíochtaí agus an ilroinnt reatha i bhfeidhmíocht taighde agus nuálaíochta a laghdú trí eolas agus saineolas a roinnt ar fud an Aontais trí chuidiú le tíortha ina ndéanfar leathnú agus leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas, seasamh iomaíoch a bhaint amach sna slabhraí luacha domhanda agus cuideofar leis an Aontas lántairbhe a bhaint as acmhainn T&N na mBallstát uile. Ní mór tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh, dá bhrí sin, mar shampla trí oscailteacht agus éagsúlacht cuibhreannas tionscadal a chur chun cinn, chun cur i gcoinne na treochta maidir le comhar dúnta, lena bhféadfar líon mór institiúidí rathúla agus daoine aonair, lena n-áireofar daoine nua, a chur as an áireamh, agus leas a bhaint as acmhainn dhíorma tallainne an Aontais tríd an tairbhe is mó is féidir a bhaint as taighde agus nuálaíocht ar fud an Aontais agus an tairbhe sin a chomhroinnt.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 13 866 324 | 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 5 325 485 | 6 0 1 0 |

***01 02 04*** *(Ar lean.)*

01 02 04 02 Córas Taighde agus Nuálaíochta na hEorpa a athchóiriú agus a fheabhsú

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 50 081 028 | 58 719 798 | 49 900 031 | 52 630 608 | 80 895 213,51 | 55 872 368,71 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo athchóirithe beartas ar an leibhéal náisiúnta a threisiú go frithpháirteach agus a chomhlánú trí thionscnaimh bheartais ar leibhéal an Aontais a fhorbairt mar aon le taighde, líonrú, comhpháirtíocht, comhordú, bailiú sonraí agus faireachán agus meastóireacht.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 1 772 868 | 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 2 753 530 | 6 0 1 0 |

***01 02 05*** ***Gníomhaíochtaí oibríochtúla cothrománacha***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 113 727 230 | 133 881 913 | 157 655 567 | 117 784 243 | 140 475 493,73 | 156 766 819,90 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí de chineál cothrománach, a thacóidh le hullmhúchán, faireachán, rialú, iniúchadh, meastóireacht agus gníomhaíochtaí agus caiteachas eile a bhfuil gá leo chun Fís Eorpach a bhainistiú agus a chur chun feidhme chomh maith le meastóireacht a dhéanamh ar bhaint amach chuspóirí Fís Eorpach. D'fhéadfadh sé go gcumhdófar leis freisin gníomhaíochtaí atá nasctha le teicneolaíocht faisnéise, lena n-áirítear uirlisí teicneolaíochta faisnéise corparáideacha, cumarsáid agus scaipeadh, agus go mbainfear leas as torthaí chun tacú le nuálaíocht agus iomaíochas, agus chun tacú le saineolaithe neamhspleácha a dhéanann meastóireacht ar thograí tionscadail. D'fhéadfadh sé go mbeadh gníomhaíochtaí trasghearrtha i gceist leis freisin lena n-áireofaí roinnt tosaíochtaí de chuid Fís Eorpach.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 4 025 944 | 6 6 0 0 |
| Tíortha eile | 4 484 320 | 6 0 1 0 |

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

### ***01 02 99 Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanas atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

01 02 99 01 Cláir thaighde roimhe seo (roimh 2021) a thabhairt i gcrích

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 2 149 087 945 | p.m. | 3 147 625 008 | 0,— | 4 194 711 466,18 |

*Barúlacha*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | — 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Cinneadh 87/516/Euratom, CEE ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 1987 maidir leis an gclár réime um ghníomhaíochtaí an Chomhphobail i réimse an taighde agus na forbartha teicneolaíche (1987 go 1991) (IO L 302, 24.10.1987, lch. 1).

Cinneadh 90/221/Euratom, CEE ón gComhairle an 23 Aibreán 1990 maidir leis an gclár réime um ghníomhaíochtaí an Chomhphobail i réimse an taighde agus na forbartha teicneolaíche (1990 go 1994) (IO L 117, 8.5.1990, lch. 28).

Cinneadh 93/167/Euratom, CEE ón gComhairle an 15 Márta 1993 lena n-oiriúnaítear Cinneadh 90/221/Euratom, CEE maidir leis an gClár Réime um ghníomhaíochtaí an Chomhphobail i réimse an taighde agus na forbartha teicneolaíche (1990 go 1994) (IO L 69, 20.3.1993, lch. 43).

Cinneadh Uimh. 1110/94/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Aibreán 1994 maidir le ceathrú clár réime ghníomhaíochtaí an Chomhphobail Eorpaigh i réimse an taighde agus na forbartha teicneolaíche agus an taisealbhaidh theicneolaíoch (1994 go 1998) (IO L 126, 18.5.1994, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 2236/95 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 1995 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le cabhair airgeadais Chomhphobail a dheonú i réimse na líonraí tras-Eorpacha (IO L 228, 23.9.1995, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 2717/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Samhain 1995 maidir le sraith treoirlínte maidir le EURO-ISDN (Líonra Digiteach de Sheirbhísí Comhtháite) a fhorbairt ina líonra tras-Eorpach (IO L 282, 24.11.1995, lch. 16).

Cinneadh 96/339/CE ón gComhairle an 20 Bealtaine 1996 lena nglactar clár ilbhliantúil Comhphobail chun forbairt tionscail ábhair ilmheán Eorpaigh a spreagadh agus chun úsáid ábhair ilmheán sa tsochaí faisnéise atá ag teacht chun cinn a spreagadh (INFO 2000) (IO L 129, 30.5.1996, lch. 24).

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 99*** *(Ar lean.)*

01 02 99 01 *(Ar lean.)*

Cinneadh 96/664/CE ón gComhairle an 21 Samhain 1996 maidir le glacadh cláir ilbhliantúil chun éagsúlacht teanga an Chomhphobail sa tsochaí faisnéise a chur chun cinn (IO L 306, 28.11.1996, lch. 40).

Cinneadh Uimh. 1336/97/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1997 maidir le sraith treoirlínte do líonraí teileachumarsáide tras-Eorpacha (IO L 183, 11.7.1997, lch. 12).

Cinneadh Uimh. 2535/97/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 1 Nollaig 1997 lena n-oiriúnaítear don dara huair Cinneadh Uimh. 1110/94/CE maidir le ceathrú clár réime ghníomhaíochtaí an Chomhphobail Eorpaigh i réimse an taighde agus na forbartha teicneolaíche agus an taisealbhaidh theicneolaíoch (1994 go 1998) (IO L 347, 18.12.1997, lch. 1).

Cinneadh 98/253/CE ón gComhairle an 30 Márta 1998 lena nglactar clár ilbhliantúil Comhphobail chun bunú na Sochaí Faisnéise san Eoraip (An tSochaí Faisnéise) a spreagadh (IO L 107, 7.4.1998, lch. 10).

Cinneadh Uimh. 182/1999/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 1998 maidir le cúigiú clár réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (1998 go 2002) (IO L 26, 1.2.1999, lch. 1).

Cinneadh 2001/48/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 lena nglactar clár ilbhliantúil Comhphobail chun bunú agus úsáid ábhar digiteach na hEorpa ar na líonraí domhanda a spreagadh agus chun éagsúlacht teanga sa tsochaí faisnéise a chur chun cinn (IO L 14, 18.1.2001, lch. 32).

Cinneadh Uimh. 1513/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 maidir le séú clár réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh, lena rannchuidítear leis an Limistéar Eorpach Taighde a chruthú agus leis an nuálaíocht (2002 go 2006) (IO L 232, 29.8.2002, lch. 1).

Cinneadh 2002/834/CE ón gComhairle an 30 Meán Fómhair 2002 lena nglactar clár sonrach um thaighde, nuálaíocht theicneolaíoch agus taisealbhadh teicneolaíoch: 'An Limistéar Eorpach Taighde a chomhtháthú agus a neartú' (2002-2006) (IO L 294, 29.10.2002, lch. 1).

Cinneadh 2002/835/CE ón gComhairle an 30 Meán Fómhair 2002 lena nglactar clár sonrach um thaighde, nuálaíocht theicneolaíoch agus taisealbhadh teicneolaíoch: 'An Limistéar Eorpach Taighde a struchtúrú' (2002-2006) (IO L 294, 29.10.2002, lch. 44).

Cinneadh Uimh. 1209/2003/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meitheamh 2003 maidir le rannpháirtíocht an Chomhphobail i gclár taighde agus forbartha atá ceaptha chun idirghabhálacha cliniciúla a fhorbairt chun dul i ngleic le VEID/SEIF, maláire agus eitinn trí chomhpháirtíocht fhadtéarmach idir an Eoraip agus tíortha i mbéal forbartha, arna chomhdhéanamh ag roinnt Ballstát (IO L 169, 8.7.2003, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 1230/2003/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 lena nglactar clár ilbhliantúil do ghníomhaíocht i réimse an fhuinnimh: 'An Clár Eorpach um Stuamacht Fuinnimh' (2003-2006) (IO L 176, 15.7.2003, lch. 29).

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 99*** *(Ar lean.)*

01 02 99 01 *(Ar lean.)*

Cinneadh Uimh. 2256/2003/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 lena nglactar clár ilbhliantúil (2003-2005) chun faireachán a dhéanamh ar Phlean Gníomhaíochta Ríomhsheirbhísí na hEorpa 2005, chun dea-chleachtais a scaipeadh agus chun feabhas a chur ar shlándáil gréasáin agus faisnéise (MODINIS) (IO L 336, 23.12.2003, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 456/2005/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2005 lena mbunaítear clár ilbhliantúil Comhphobail chun inrochtaineacht, inúsáidteacht agus insaothraitheacht an ábhair dhigitigh san Eoraip a mhéadú (IO L 79, 24.3.2005, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear Clár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta (2007 go 2013) (IO L 310, 9.11.2006, lch. 15).

Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht gnóthas, ionad taighde agus ollscoileanna i ngníomhaíochtaí faoin Seachtú Clár réime agus maidir le leathadh torthaí taighde (2007 go 2013) (IO L 391, 30.12.2006, lch. 1).

Cinneadh 2006/971/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gClár Sonrach 'Comhar' lena gcuirtear chun feidhme Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí léiriúcháin (2007 go 2013) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 86).

Cinneadh 2006/972/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gClár Sonrach: Smaointe lena gcuirtear chun feidhme Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007 go 2013) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 243).

Cinneadh Uimh. 2006/973/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gClár Sonrach 'Daoine' lena gcuirtear chun feidhme Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007 go 2013) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 272).

Cinneadh 2006/974/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gClár Sonrach: 'Acmhainní' lena gcuirtear chun feidhme Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007 go 2013) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 299).

Cinneadh 2006/975/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gclár sonrach atá le cur i gcrích trí bhíthin gníomhaíochtaí díreacha ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde faoi Sheachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007 go 2013) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 368).

Rialachán (CE) Uimh. 219/2007 ón gComhairle an 27 Feabhra 2007 maidir le Comhghnóthas a bhunú chun glúin nua an chórais Eorpaigh um bainistíocht aerthráchta (SESAR) a fhorbairt (IO L 64, 2.3.2007, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 71/2008 ón gComhairle an 20 Nollaig 2007 lena ndéantar an Comhghnóthas Spéire Glaine a chur ar bun (IO L 30, 4.2.2008, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 72/2008 ón gComhairle an 20 Nollaig 2007 lena ndéantar an Comhghnóthas ENIAC a chur ar bun (IO L 30, 4.2.2008, lch. 21).

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 99*** *(Ar lean.)*

01 02 99 01 *(Ar lean.)*

Rialachán (CE) Uimh. 73/2008 ón gComhairle an 20 Nollaig 2007 lena ndéantar an Comhghnóthas maidir leis an Tionscnamh Comhpháirteach Teicneolaíochta um Chógais Leighis Nuálacha a chur chun feidhme a chur ar bun (IO L 30, 4.2.2008, lch. 38).

Rialachán (CE) Uimh. 74/2008 ón gComhairle an 20 Nollaig 2007 maidir le 'Comhghnóthas ARTEMIS' a bhunú chun Comhthionscnamh Teicneolaíochta i gCórais Ríomhaireachta Leabaithe a chur chun feidhme (IO L 30, 4.2.2008, lch. 52).

Rialachán (CE) Uimh. 294/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena mbunaítear an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (IO L 97, 9.4.2008, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 521/2008 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2008 lena ndéantar an Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin a chur ar bun (IO L 153, 12.6.2008, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 1361/2008 ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 219/2007 maidir le comhghnóthas a bhunú chun glúin nua an chórais Eorpaigh um bainistíocht aerthráchta (SESAR) a fhorbairt (IO L 352, 31.12.2008, lch. 12).

Cinneadh 2013/743/AE ón gComhairle an 3 Nollaig 2013 lena mbunaítear an clár sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís 2020 – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2006/971/CE, 2006/972/CE, 2006/973/CE, 2006/974/CE agus 2006/975/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 965).

Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh i 'Fís 2020 - an Clár réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020)' agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 81).

Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104).

Rialachán (AE) Uimh. 557/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas maidir leis an Tionscnamh um Míochaine Nuálach 2 (IO L 169, 7.6.2014, lch. 54).

Rialachán (AE) Uimh. 558/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas 'Spéir Ghlan 2' (IO L 169, 7.6.2014, lch. 77).

Rialachán (AE) Uimh. 559/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin 2 (IO L 169, 7.6.2014, lch. 108).

Rialachán (AE) Uimh. 560/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas Tionscail Bhithbhunaithe (IO L 169, 7.6.2014, lch. 130).

Rialachán (AE) Uimh. 561/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas ECSEL (IO L 169, 7.6.2014, lch. 152).

Rialachán (AE) Uimh. 642/2014 ón gComhairle an 16 Meitheamh 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas Shift2Rail (IO L 177, 17.6.2014, lch. 9).

**CAIBIDIL 01 02 — FÍS EORPACH** *(Ar lean.)*

***01 02 99*** *(Ar lean.)*

01 02 99 01 *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) Uimh. 721/2014 ón gComhairle an 16 Meitheamh 2014 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 219/2007 maidir le comhghnóthas a bhunú chun glúin nua an chórais Eorpaigh um bainistíocht aerthráchta (SESAR) a fhorbairt a mhéid a bhaineann le síneadh an Chomhghnóthais go dtí 2024 (IO L 192, 1.7.2014, lch. 1).

Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, leis an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus leis an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 — an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (IO L 169, 1.7.2015, lch. 1).

Rialachán (AE) 2018/1488 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach (IO L 252, 8.10.2018, lch. 1).

*Gníomhartha tagartha*

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Iúil 2007 maidir leis an gComhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil agus rochtain ar chógais leighis (IO C 175 E, 10.7.2008, lch. 591).

Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2013) 8632 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2013 lena nglactar an clár oibre le haghaidh 2014-2015 laistigh de chreat an Chláir Shonraigh lena gCuirtear Fís 2020 Chun Feidhme – An Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) maidir leis an gcuspóir sonrach ‘Taighde gan beann ar theorainneacha a neartú, trí ghníomhaíochtaí na Comhairle Eorpaí um Thaighde’.

Cinneadh C(2013) 8915 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2013 lena mbunaítear an Chomhairle Eorpach um Thaighde (IO C 373, 20.12.2013, lch. 23).

Cinneadh C(2013) 9428 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2013 maidir le cumhachtaí a tharmligean chuig Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde d’fhonn cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse an taighde gan beann ar theorainneacha lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais.

**CAIBIDIL 01 03 — CLÁR TAIGHDE AGUS OILIÚNA EURATOM**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 01 03 | CLÁR TAIGHDE AGUS OILIÚNA EURATOM | | | | | | | | |
| ***01 03 01*** | ***Taighde agus forbairt ar chomhleá*** | 1 | 113 764 360 | 91 863 251 | 110 561 358 | 107 513 531 | 106 293 598,— | 58 490 195,84 | 63,67 |
| ***01 03 02*** | ***Scoilteadh núicléach, sábháilteacht núicléach agus cosaint ar radaíocht (gníomhaíochtaí indíreacha)*** | 1 | 51 959 861 | 66 460 535 | 50 496 825 | 404 438 | 48 275 972,— | 42 806 387,41 | 64,41 |
| ***01 03 03*** | ***Gníomhaíochtaí díreacha núicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde*** | 1 | 8 055 381 | 7 400 000 | 8 130 000 | 7 000 000 | 8 130 000,— | 6 595 424,48 | 89,13 |
| ***01 03 99*** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 01 03 99 01 | Cláir thaighde Euratom roimhe seo a chur i gcrích (roimh 2021) | 1 | p.m. | 59 375 097 | p.m. | 52 083 796 | 0,— | 54 303 007,14 | 91,46 |
| | *Airteagal 01 03 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 59 375 097 | p.m. | 52 083 796 | 0,— | 54 303 007,14 | 91,46 |
| | **Caibidil 01 03 — IOMLÁN** | | **173 779 602** | **225 098 883** | **169 188 183** | **167 001 765** | **162 699 570,—** | **162 195 014,87** | **72,06** |

*Barúlacha*

Tá leithreasuithe faoin gcaibidil seo beartaithe chun go gcumhdófar Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021-2025 ('Clár Euratom'). Tacaíonn Clár Euratom le gníomhaíochtaí taighde agus oiliúna núicléiche. Tá Clár Euratom ceaptha chun sábháilteacht núicléach, slándáil agus cosaint ó radaíocht ianúcháin a fheabhsú, lena n-áirítear trí bhainistiú dramhaíola sábháilte agus gníomhaíochtaí díchoimisiúnaithe. Díríonn an Clár ar fhorbairt an fhuinnimh chomhleá freisin, ar foinse fuinnimh é a d'fhéadfadh a bheith do-ídithe agus neamhdhíobhálach don aeráid. Soláthraíonn Clár Euratom, tríd an Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC), comhairle eolaíoch thábhachtach, neamhspleách mar thacaíocht le cur chun feidhme bheartais an Aontais sa réimse núicléach. Féachtar le Clár Euratom freisin inniúlachtaí núicléacha, saineolas núicléach agus bainistíocht eolais núicléach an Aontais a neartú agus saothraítear leis feabhsuithe a chur ar réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na rochtana ar bhonneagar taighde.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, eascraíonn soláthar na leithreasuithe comhfhreagracha agus a gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo as ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha a bhaineann le Clár Euratom as páirt a ghlacadh i gClár Euratom, agus aon ioncam sannta eile, arna iontráil sa ráiteas ioncaim.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

**CAIBIDIL 01 03 — CLÁR TAIGHDE AGUS OILIÚNA EURATOM** *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) 2018/1563 (IO L 167 I, 12.5.2021, lch. 81).

### 01 03 01 *Taighde agus forbairt ar chomhleá*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 113 764 360 | 91 863 251 | 110 561 358 | 107 513 531 | 106 293 598,— | 58 490 195,84 |

*Barúlacha*

Tá sé mar aidhm leis leithreasú seo forbairt an fhuinnimh chomhleá a chothú mar fhoinse fhéideartha fuinnimh do tháirgeadh an leictreachais agus rannchuidiú le cur chun feidhme an treochláir comhleá Eorpaigh. Cuirfidh Comhpháirtíocht Eorpach chomhchistithe i dtaighde comhleá an treochlár sin i dtreo na sprice maidir le táirgeadh leictreachais comhleá chun feidhme faoin dara leath den chéad seo. Cuidíonn an ghníomhaíocht taighde agus forbartha fuinnimh núicléach le saineolas agus inniúlacht sa réimse san Aontas a choinneáil agus a fhorbairt níos mó freisin.

### 01 03 02 *Scoilteadh núicléach, sábháilteacht núicléach agus cosaint ar radaíocht (gníomhaíochtaí indíreacha)*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 51 959 861 | 66 460 535 | 50 496 825 | 404 438 | 48 275 972,— | 42 806 387,41 |

*Barúlacha*

Tá mar aidhm leis an leithreasú seo feabhas a chur ar an tsábháilteacht núicléach, slándáil núicléach, coimircí núicléacha, cosaint ar radaíocht, breosla spíonta sábháilte agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus díchoimisiúnú, lena n-airítear úsáid shábháilte, shlán, éifeachtúil an fhuinnimh núicléach agus feidhmeanna neamhchumhachtacha radaíochta ianúcháin. Cuidíonn sé le saineolas agus inniúlacht sa réimse san Aontas a choinneáil agus a fhorbairt níos mó freisin.

**CAIBIDIL 01 03 — CLÁR TAIGHDE AGUS OILIÚNA EURATOM** *(Ar lean.)*

### *01 03 03 Gníomhaíochtaí díreacha núicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 8 055 381 | 7 400 000 | 8 130 000 | 7 000 000 | 8 130 000,— | 6 595 424,48 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an tacaíocht eolaíoch agus an tacaíocht theicniúil agus na gníomhaíochtaí taighde a dhéanann an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) chun Clár Taighde agus Oiliúna Euratom a chur chun feidhme. Rannchuideoidh an clár sin lena gcuspóirí sonracha a bhaint amach:

— feabhas a chur ar úsáid shábháilte agus shlán fuinnimh núicléach agus feidhmeanna neamhchumhachtacha radaíochta ianúcháin, lena n-áirítear sábháilteacht núicléach, slándáil núicléach, coimircí núicléacha, cosaint ar radaíocht, breosla spíonta sábháilte agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus díchoimisiúnú,

— saineolas agus inniúlacht sa Chomhphobal a choinneáil agus a fhorbairt níos mó,

— tacú le beartas an Chomhphobail maidir le sábháilteacht núicléach, coimircí núicléacha agus slándáil núicléach.

Leis an leithreasú sin, tugtar aghaidh freisin ar na gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun coimircí a chur chun feidhme de bhun Chaibidil 7 de Theideal II de Chonradh Euratom agus ar na hoibleagáidí a eascraíonn as an gConradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach agus as cur chun feidhme chlár an Choimisiúin chun tacú leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA).

Cumhdaítear leis caiteachas sonrach a bhaineann le gníomhaíochtaí taighde agus tacaíochta, lena n-áirítear trealamh eolaíochta agus trealamh teicniúil a cheannach, seirbhísí eolaíochta agus seirbhísí teicniúla a chur amach ar fochonradh, rochtain ar fhaisnéis agus tomhaltáin a éadáil. Áirítear leis seo caiteachas maidir le bonneagar eolaíochta arna thabhú go díreach maidir leis na tionscadail lena mbaineann, chomh maith le speansais atá nasctha leis an gcostas a bhaineann le húsáid bonneagar taighde fisiceach an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde JRC ag úsáideoirí seachtracha a fhaigheann rochtain orthu chun taighde a dhéanamh, chun forbairt thurgnamhach a ghabháil ar láimh, nó chun oideachas agus oiliúint a sholáthar.

Cumhdaítear leis an leithreasú sin freisin aon chineál caiteachais maidir le taighde agus cúraimí tacaíochta eolaíocha a bhaineann le gníomhaíochtaí faoin airteagal seo a cuireadh de chúram ar JRC faoi chuimsiú a rannpháirtíochta ar bhonn iomaíoch mar thacaíocht le beartais an Aontais agus ar son páirtithe leasmhara.

### *01 03 99 Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanas atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

**CAIBIDIL 01 03 — CLÁR TAIGHDE AGUS OILIÚNA EURATOM** *(Ar lean.)*

***01 03 99*** *(Ar lean.)*

01 03 99 01 Cláir thaighde Euratom roimhe seo a chur i gcrích (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 59 375 097 | p.m. | 52 083 796 | 0,— | 54 303 007,14 |

*Bunús dlí*

Cinneadh 94/268/Euratom ón gComhairle an 26 Aibreán 1994 maidir le clár réime um ghníomhaíochtaí an Chomhphobail i réimse an taighde agus na hoiliúna don Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (1994 go 1998) (IO L 115, 6.5.1994, lch. 31).

Cinneadh 96/253/Euratom ón gComhairle an 4 Márta 1996 lena n-oiriúnaítear Cinneadh 94/268/Euratom maidir le clár réime ghníomhaíochtaí an Chomhphobail i réimse an taighde agus na hoiliúna don Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (1994 go 1998), i ndiaidh aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne leis an Aontas Eorpach (IO L 86, 4.4.1996, lch. 72).

Cinneadh Uimh. 616/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Márta 1996 lena n-oiriúnaítear Cinneadh Uimh. 1110/94/CE maidir le ceathrú clár réime ghníomhaíochtaí an Chomhphobail Eorpaigh i réimse an taighde agus na forbartha teicneolaíche agus an taisealbhaidh theicneolaíoch (1994 go 1998) i ndiaidh aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne leis an Aontas Eorpach (IO L 86, 4.4.1996, lch. 69).

Cinneadh 1999/64/Euratom ón gComhairle an 22 Nollaig 1998 maidir le Cúigiú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) um ghníomhaíochtaí taighde agus oiliúna (1998 go 2002) (IO L 26, 1.2.1999, lch. 34).

Cinneadh 2002/668/Euratom ón gComhairle an 3 Meitheamh 2002 maidir le séú clár réime an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) um ghníomhaíochtaí taighde agus oiliúna núicléiche, a chuir le bunú an Limistéir Eorpaigh Taighde freisin (2002 go 2006) (IO L 232, 29.8.2002, lch. 34).

Cinneadh 2002/837/Euratom ón gComhairle an 30 Meán Fómhair 2002 lena nglactar clár sonrach (Euratom) um thaighde agus oiliúint maidir le fuinneamh núicléach (2002-2006) (IO L 294, 29.10.2002, lch. 74).

Cinneadh 2006/970/Euratom ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) um ghníomhaíochtaí taighde agus oiliúna núicléiche (2007 go 2011) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 60).

Rialachán (Euratom) Uimh. 1908/2006 ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht gnóthas, ionad taighde agus ollscoileanna i ngníomhaíocht faoi Sheachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus maidir le leathadh torthaí taighde (2007 go 2011) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 1).

Cinneadh 2006/976/Euratom ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gClár Sonrach lena gcuirtear Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) um ghníomhaíochtaí taighde agus oiliúna núicléiche (2007 go 2011) chun feidhme (IO L 400, 30.12.2006, lch. 404).

**CAIBIDIL 01 03 — CLÁR TAIGHDE AGUS OILIÚNA EURATOM** *(Ar lean.)*

***01 03 99*** *(Ar lean.)*

01 03 99 01 *(Ar lean.)*

Cinneadh 2006/977/Euratom ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gClár Sonrach atá le cur i gcrích trí bhíthin gníomhaíochtaí díreacha ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde lena gcuirtear Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) um ghníomhaíochtaí taighde agus oiliúna núicléiche (2007 go 2011) chun feidhme (IO L 400, 30.12.2006, lch. 434).

Rialachán (Euratom) Uimh. 139/2012 ón gComhairle an 19 Nollaig 2011 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht gnóthas, ionad taighde agus ollscoileanna i ngníomhaíochtaí indíreacha faoi Chlár Réime an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus maidir le leathadh torthaí taighde (2012 go 2013) (IO L 47, 18.2.2012, lch. 1).

Cinneadh 2012/93/Euratom ón gComhairle an 19 Nollaig 2011 maidir le Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach um ghníomhaíochtaí taighde agus oiliúna núicléiche (2012 go 2013) (IO L 47, 18.2.2012, lch. 25).

Cinneadh 2012/94/Euratom ón gComhairle an 19 Nollaig 2011 maidir leis an gClár Sonrach, atá le cur i gcrích trí bhíthin gníomhaíochtaí indíreacha, lena gcuirtear Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach chun feidhme (2012 go 2013) (IO L 47, 18.2.2012, lch. 33).

Cinneadh 2012/95/Euratom ón gComhairle an 19 Nollaig 2011 maidir leis an gclár sonrach, atá le cur i gcrích trí bhíthin gníomhaíochtaí díreacha ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde, lena gcuirtear Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach chun feidhme (2012 go 2013) (IO L 47, 18.2.2012, lch. 40).

Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh i 'Fís 2020 - an Clár réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020)' agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 81).

Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104), agus go háirithe Airteagal 5(4) de sin.

Rialachán (Euratom) Uimh. 1314/2013 ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 maidir le Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (2014-2018) lena gcomhlánaítear Fís 2020: an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (IO L 347, 20.12.2013, lch. 948).

Rialachán (Euratom) 2018/1563 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2018 lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (2019-2020) lena gcomhlánaítear Fís 2020: an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) Uimh. 1314/2013 (IO L 262, 19.10.2018, lch. 1).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT*

**CAIBIDIL 01 04 — IMOIBREOIR TRIALACH TEIRMEANÚICLÉACH IDIRNÁISIÚNTA (ITER)**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 01 04 | IMOIBREOIR TRIALACH TEIRMEANÚICLÉACH IDIRNÁISIÚNTA (ITER) | | | | | | | | |
| **01 04 01** | ***Na saoráidí ITER a thógáil, a oibriú agus a shaothrú — An Comhghnóthas Eorpach um ITER — agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt*** | 1 | 428 002 426 | 354 482 428 | 552 128 572 | 249 509 002 | 702 981 885,— | 166 816 136,— | 47,06 |
| **01 04 99** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 01 04 99 01 | Gníomhaíochtaí ITER roimhe seo a thabhairt i gcrích (roimh 2021) | 1 | p.m. | 146 390 826 | p.m. | 150 000 000 | 0,— | 387 165 000,— | 264,47 |
| | *Airteagal 01 04 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 146 390 826 | p.m. | 150 000 000 | 0,— | 387 165 000,— | 264,47 |
| | **Caibidil 01 04 — IOMLÁN** | | **428 002 426** | **500 873 254** | **552 128 572** | **399 509 002** | **702 981 885,—** | **553 981 136,—** | **110,60** |

*Barúlacha*

Tá sé d'aidhm ag an tionscadal ITER comhleá a léiriú mar fhoinse fuinnimh inmharthana agus inbhuanaithe trí imoibreoir comhleá turgnamhach a thógáil agus a oibriú mar chéim thábhachtach i dtreo fréamhshamhlacha d'imoibreoirí a chruthú le haghaidh stáisiún comhleá atá sábháilte, inbhuanaithe, freagrach ó thaobh an chomhshaoil de agus inmharthana ó thaobh an gheilleagair de. Táthar ag súil go mbeidh ról tábhachtach ag comhleá i dtírdhreach fuinnimh na hEorpa amach anseo mar fhoinse fuinnimh atá neamhdhíobhálach don aeráid. Tá tábhacht ar leith leis i ndiaidh Chomhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide in 2015 agus i ndiaidh ghealltanas an Aontais chun an stiúir a ghlacadh maidir leis an ngeilleagar a dhícharbónú agus dul i ngleic leis an athrú aeráide ar bhealach costéifeachtach. Maidir leis sin, cuirfear le cuspóir an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip nach mbeidh aon ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa ann in 2050 agus go gcothófar slógadh thionscail ardteicneolaíochta na hEorpa, a bhfuil baint acu le cruthú ITER agus lena soláthraítear buntáiste iomaíoch domhanda don Aontas san earnáil seo a bhfuil gealladh fúithi.

Bunaíodh an Comhghnóthas Eorpach um Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt le Cinneadh 2007/198/Euratom. Seo a leanas na cúraimí atá ar an gComhghnóthas:

— an ranníocaíocht ó Euratom leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Fuinnimh Comhleá ITER a sholáthar,

— an ranníocaíocht ó Euratom le gníomhaíochtaí cur chuige níos leithne leis an tSeapáin le haghaidh fuinneamh comhleá a thabhairt chun fíre go tapa a sholáthar,

— clár gníomhaíochtaí a ullmhú agus a chomhordú mar ullmhúchán chun imoibreoir comhleá léirithe agus saoráidí lena mbaineann a thógáil.

**CAIBIDIL 01 04 — IMOIBREOIR TRIALACH TEIRMEANÚICLÉACH IDIRNÁISIÚNTA (ITER)** *(Ar lean.)*

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Cinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle an 27 Márta 2007 lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus buntáistí a thabhairt dó (IO L 90, 30.3.2007, lch. 58).

**01 04 01** ***Na saoráidí ITER a thógáil, a oibriú agus a shaothrú — An Comhghnóthas Eorpach um ITER — agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 428 002 426 | 354 482 428 | 552 128 572 | 249 509 002 | 702 981 885,— | 166 816 136,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais riaracháin agus costais oibriúcháin an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (Fuinneamh Comhleá).

**01 04 99** ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanas atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

01 04 99 01 Gníomhaíochtaí ITER roimhe seo a thabhairt i gcrích (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 146 390 826 | p.m. | 150 000 000 | 0,— | 387 165 000,— |

**CAIBIDIL 01 04 — IMOIBREOIR TRIALACH TEIRMEANÚICLÉACH IDIRNÁISIÚNTA (ITER)** *(Ar lean.)*

***01 04 99*** *(Ar lean.)*

01 04 99 01 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Cinneadh ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2006 maidir le conclúid an Choimisiúin, i ndáil leis an gComhaontú maidir le Bunú na hEagraíochta Fuinnimh Comhleá ITER chun an Tionscadal ITER a chur chun feidhme, an Comhshocrú maidir le Cur i bhFeidhm Sealadach an Chomhaontaithe maidir le Bunú na hEagraíochta Fuinnimh Comhleá ITER chun an Tionscadal ITER a chur chun feidhme ar bhonn comhpháirteach agus an Comhaontú maidir le Pribhléidí agus Díolúintí na hEagraíochta Fuinnimh Comhleá ITER chun an Tionscadal ITER a chur chun feidhme ar bhonn comhpháirteach.

Cinneadh 2006/943/Euratom ón gCoimisiún an 17 Samhain 2006 maidir le Cur i bhFeidhm Sealadach an Chomhaontaithe maidir le bunú na hEagraíochta Fuinnimh Comhleá ITER chun an Tionscadal ITER a chur chun feidhme agus an Comhaontú maidir le Pribhléidí agus Díolúintí na hEagraíochta Fuinnimh Comhleá ITER chun an Tionscadal ITER a chur chun feidhme (IO L 358, 16.12.2006, lch. 60).

Cinneadh 2006/970/Euratom ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) um ghníomhaíochtaí taighde agus oiliúna núicléiche (2007 go 2011) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 60).

Rialachán (Euratom) Uimh. 1908/2006 ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht gnóthas, ionad taighde agus ollscoileanna i ngníomhaíocht faoi Sheachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus maidir le leathadh torthaí taighde (2007 go 2011) (IO L 400, 30.12.2006, lch. 1).

Cinneadh 2006/976/Euratom ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gClár Sonrach lena gcuirtear Seachtú Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) um ghníomhaíochtaí taighde agus oiliúna núicléiche (2007 go 2011) chun feidhme (IO L 400, 30.12.2006, lch. 404).

Cinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle an 27 Márta 2007 lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus buntáistí a thabhairt dó (IO L 90, 30.3.2007, lch. 58).

Cinneadh 2012/93/Euratom ón gComhairle an 19 Nollaig 2011 maidir le Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach um ghníomhaíochtaí taighde agus oiliúna núicléiche (2012 go 2013) (IO L 47, 18.2.2012, lch. 25).

Rialachán (Euratom) Uimh. 139/2012 ón gComhairle an 19 Nollaig 2011 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht gnóthas, ionad taighde agus ollscoileanna i ngníomhaíochtaí indíreacha faoi Chlár Réime an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus maidir le leathadh torthaí taighde (2012 go 2013) (IO L 47, 18.2.2012, lch. 1).

Cinneadh 2012/94/Euratom ón gComhairle an 19 Nollaig 2011 maidir leis an gclár sonrach, atá le cur i gcrích trí bhíthin gníomhaíochtaí indíreacha, lena gcuirtear Clár Réime an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach chun feidhme (2012 go 2013) (IO L 47, 18.2.2012, lch. 33).

### CAIBIDIL 01 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 01 20 | TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | | | | | | | | |
| ***01 20 01*** | ***Treoirthionscadail*** | 1 | 6 380 000 | 9 218 807 | 7 200 000 | 7 622 658 | 8 794 000,— | 3 545 319,66 | 38,46 |
| ***01 20 02*** | ***Gníomhaíochtaí ullmhúcháin*** | 1 | 18 100 000 | 17 661 278 | 20 500 000 | 10 037 885 | 8 025 000,— | 4 263 189,81 | 24,14 |
| ***01 20 03*** | ***Gníomhaíochtaí eile*** | | | | | | | | |
| 01 20 03 01 | Clár taighde maidir le cruach | 1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 01 20 03 02 | Clár taighde maidir le gual | 1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 01 20 03 03 | Soláthar seirbhísí agus oibre ar son páirtithe seachtracha— an tAirmheán Comhpháirteach Taighde | 1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 01 20 03 04 | Tacaíocht eolaíoch agus theicniúil maidir le beartais an Aontais ar bhonn iomaíoch — an tAirmheán Comhpháirteach Taighde | 1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 01 20 03 05 | Oibriú an imoibritheora ardfhlosca (HFR) — clár taighde forlíontach HFR | 1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| | *Airteagal 01 20 03 — Fo-iomlán* | | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| ***01 20 99*** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 01 20 99 01 | Cláir thaighde fhorlíontacha roimhe seo a thabhairt i gcrích (roimh 2020) | 1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| | *Airteagal 01 20 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| | **Caibidil 01 20 — IOMLÁN** | | **24 480 000** | **26 880 085** | **27 700 000** | **17 660 543** | **16 819 000,—** | **7 808 509,47** | **29,05** |

**CAIBIDIL 01 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE**
*(Ar lean.)*

### *01 20 01 Treoirthionscadail*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 6 380 000 | 9 218 807 | 7 200 000 | 7 622 658 | 8 794 000,— | 3 545 319,66 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo cur chun feidhme tionscadal píolótach a mhaoiniú, ar tionscadail phíolótacha iad atá de chineál turgnamhach, arna gceapadh chun tástáil a dhéanamh ar a indéanta agus ar a úsáidí atá gníomhaíochtaí.

Leagtar liosta na dtionscadal píolótach amach san Iarscríbhinn 'Tionscadail phíolótacha agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin' a ghabhann leis an roinn seo, faoi Chaibidil PP 01.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

### *01 20 02 Gníomhaíochtaí ullmhúcháin*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 18 100 000 | 17 661 278 | 20 500 000 | 10 037 885 | 8 025 000,— | 4 263 189,81 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo cur chun feidhme gníomhaíochtaí ullmhúcháin a mhaoiniú i raon feidhme CFAE agus Chonradh Euratom, arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn gníomhaíochtaí a ghlacadh amach anseo.

Leagtar liosta na ngníomhaíochtaí ullmhúcháin amach san Iarscríbhinn 'Tionscadail phíolótacha agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin' a ghabhann leis an roinn seo, faoi Chaibidil PA 01.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**CAIBIDIL 01 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE**
*(Ar lean.)*

***01 20 03 Gníomhaíochtaí eile***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin airteagal seo go maoineofar bearta agus gníomhaíochtaí nach n-áirítear sna caibidlí roimhe seo den teideal sin ach dá bhfuil bunghníomh glactha.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin airteagal seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

01 20 03 01 Clár taighde maidir le cruach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé d’aidhm ag gníomhaíocht an chláir taighde cruach feabhas a chur ar phróisis táirgthe cruach d’fhonn cáilíocht táirge a fheabhsú agus táirgiúlacht a mhéadú. Maidir le hastaíochtaí, tomhaltas fuinnimh agus an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú chomh maith le húsáid amhábhar agus caomhnú acmhainní a mhéadú, beidh na nithe sin ina gcuid lárnach de na feabhsuithe a lorgófar.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 81 120 000 | 6 0 1 4 |

*Bunús dlí*

Cinneadh 2008/376/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2008 maidir le glacadh Chiste Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach (RFCS) agus maidir leis na treoirlínte teicniúla le haghaidh an chláir sin (IO L 130, 20.5.2008, lch. 7).

**CAIBIDIL 01 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***01 20 03*** *(Ar lean.)*

01 20 03 02 Clár taighde maidir le gual

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé d'aidhm ag gníomhaíocht an chláir taighde guail na costais iomlána a bhaineann le táirgeadh mianadóireachta a laghdú, feabhas a chur ar cháilíocht na dtáirgí agus na costais a bhaineann le bheith ag úsáid guail a laghdú. Beidh sé d'aidhm ag tionscadail taighde freisin dul chun cinn eolaíochta agus teicneolaíochta a bhaint amach d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar iompar agus rialú fosuithe i ndáil le brú carraige, astaíochtaí gáis, an riosca pléisce, aeráil agus gach fachtóir eile a mbeidh tionchar acu ar oibríochtaí mianadóireachta. Maidir le tionscadail taighde a bhfuil na cuspóirí sin acu, d'fhéadfaí go mbeadh torthaí na dtionscadal sin infheidhme sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma maidir le cuid shubstaintiúil de tháirgeacht an Aontais.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 29 880 000 | 6 0 1 4 |

*Bunús dlí*

Cinneadh 2008/376/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2008 maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach agus maidir leis na treoirlínte teicniúla le haghaidh an chláir sin (IO L 130, 20.5.2008, lch. 7).

01 20 03 03 Soláthar seirbhísí agus oibre ar son páirtithe seachtracha— an tAirmheán Comhpháirteach Taighde

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

**CAIBIDIL 01 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***01 20 03*** *(Ar lean.)*

01 20 03 03 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an mír seo na leithreasuithe a éilítear le haghaidh caiteachais a bhaineann go sonrach leis na cúraimí éagsúla arna bhfeidhmiú ar son páirtithe seachtracha a fháil. Áirítear leis taighde agus soláthar seirbhísí faoi chonradh chuig tríú páirtithe, amhail údaráis tionscail, náisiúnta nó réigiúnacha, chomh maith le conarthaí i gcomhthéacs chláir taighde na mBallstát. D'fhéadfaí na nithe a leanas a chumhdach leis:

— soláthar soláthairtí, seirbhísí agus oibre a dhéantar go ginearálta i gcoinne íocaíochta, lena n-áirítear ábhair thagartha dheimhnithe,

— oibriú saoráidí chun leasa na mBallstát, lena n-áirítear an ionradaíocht le haghaidh páirtithe seachtracha san imoibritheoir ardfhlosca (HFR) ag bunaíocht Petten an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde,

— feidhmiú na ngníomhaíochtaí taighde agus an soláthar seirbhísí sa bhreis ar na cláir thaighde shonracha, lena n-áirítear na clubanna tionsclaíocha nach mór do na comhpháirtithe tionscail íoc as táille cláraithe agus síntiúis bhliantúla ina leith,

— comhaontuithe comhair le tríú páirtithe.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 7 000 000 | 6 0 1 0, 6 0 1 1, 6 7 0 |

*Bunús dlí*

Cinneadh 89/340/CEE ón gComhairle an 3 Bealtaine 1989 maidir le hobair le haghaidh tríú páirtithe a dhéanann an tAirmheán Comhpháirteach Taighde atá ábhartha i leith Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO L 142, 25.5.1989, lch. 10).

Conclúidí ón gComhairle an 26 Aibreán 1994 maidir le ról an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC) (IO C 126, 7.5.1994, lch. 1).

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 21 de sin.

**CAIBIDIL 01 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***01 20 03*** *(Ar lean.)*

01 20 03 04 Tacaíocht eolaíoch agus theicniúil maidir le beartais an Aontais ar bhonn iomaíoch — an tAirmheán Comhpháirteach Taighde

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá an mhír seo beartaithe chun na leithreasuithe a éilítear maidir le caiteachas a bhaineann go sonrach leis na cúraimí tacaíochta eolaíocha éagsúla arna bhfeidhmiú ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde ar bhonn iomaíoch mar thacaíocht le beartais an Aontais, lasmuigh de Fís Eorpach, a fháil.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 79 000 000 | 6 0 1 0, 6 0 1 1, 6 7 0 |

*Bunús dlí*

Cinneadh 89/340/CEE ón gComhairle an 3 Bealtaine 1989 maidir le hobair le haghaidh tríú páirtithe a dhéanann an tAirmheán Comhpháirteach Taighde atá ábhartha i leith Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO L 142, 25.5.1989, lch. 10).

Conclúidí ón gComhairle an 26 Aibreán 1994 maidir le ról an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC) (IO C 126, 7.5.1994, lch. 1).

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 21 de sin.

01 20 03 05 Oibriú an imoibritheora ardfhlosca (HFR) — clár taighde forlíontach HFR

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

**CAIBIDIL 01 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***01 20 03*** *(Ar lean.)*

01 20 03 05 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar cuid d'aon chineál speansas arna dtabhú le linn chur chun feidhme chlár taighde forlíontach an imoibritheora ardfhlosca (HFR).

Is iad seo a leanas cuspóirí eolaíocha agus teicniúla chlár taighde forlíontach HFR:

— a áirithiú go n-oibreofar an t-imoibritheoir ardfhlosca ar bhealach sábháilte agus iontaofa d'fhonn infhaighteacht an fhlosca neodróin a ráthú chun críoch turgnamh,

— a chur ar chumas institiúidí taighde úsáid éifeachtach a bhaint as an imoibritheoir ardfhlosca i raon leathan réimsí: feabhas a chur ar shábháilteacht na n-imoibreoirí núicléacha, na sláinte (lena n-áirítear forbairt iseatóp míochaine), an chomhleá núicléach, an taighde bhunúsaigh agus na hoiliúna agus an bhainistithe dramhaíola bhunúsaigh, lena n-áirítear an fhéidearthacht chun staidéar a dhéanamh ar na saincheisteanna sábháilteachta maidir le breoslaí núicléacha le haghaidh córais imoibritheora is díol suime don Eoraip.

Le clár taighde forlíontach HFR, cuirtear ar chumas HFR gníomhú mar shaoráid oiliúna ina n-óstáiltear comhaltaí dochtúireachta agus iar-dhochtúireachta agus a ngníomhaíochtaí taighde á bhfeidhmiú acu trí chláir náisiúnta nó Eorpacha.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 6 701 000 | 6 0 1 3 |

*Bunús dlí*

Cinneadh (Euratom) 2020/960 ón gComhairle an 29 Meitheamh 2020 maidir le glacadh chlár taighde forlíontach 2020-2023 an imoibritheora ardfhlosca ag Petten, a bheidh le cur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO L 211, 3.7.2020, lch. 14).

***01 20 99*** ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin airteagal seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanas atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

**CAIBIDIL 01 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***01 20 99*** *(Ar lean.)*

01 20 99 01 Cláir thaighde fhorlíontacha roimhe seo a thabhairt i gcrích (roimh 2020)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Bunús dlí*

Cinneadh 84/1/Euratom, CEE ón gComhairle an 22 Nollaig 1983 lena nglactar clár taighde forlíontach a bheidh le cur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (1984 go 1987) (IO L 3, 5.1.1984, lch. 21).

Cinneadh 88/523/Euratom ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 1988 lena nglactar clár taighde forlíontach a bheidh le cur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO L 286, 20.10.1988, lch. 37).

Cinneadh 92/275/Euratom ón gComhairle an 29 Aibreán 1992 lena nglactar clár taighde forlíontach a bheidh le cur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (1992-1995) (IO L 141, 23.5.1992, lch. 27).

| ***02 10 05*** | ***Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC)*** | 1 | 7 819 314 | 7 819 314 | 7 647 494 | 7 647 494 | 7 337 683,— | 7 337 683,— | 93,84 |
| ***02 10 06*** | ***Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)*** | 1 | 17 175 275 | 17 175 275 | 16 657 909 | 16 657 909 | 14 506 947,— | 14 506 947,— | 84,46 |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | | *1 830 000* | *1 830 000* | *842 000* | *842 000* | | | |
| | | | 19 005 275 | 19 005 275 | 17 499 909 | 17 499 909 | 14 506 947,— | 14 506 947,— | |
| | **Caibidil 02 10 — IOMLÁN** | | **211 616 135** | **211 616 135** | **201 446 565** | **201 446 565** | **205 924 250,—** | **190 924 250,—** | **90,22** |
| | ***Cúlchistí (30 02 02)*** | | ***1 830 000*** | ***1 830 000*** | ***3 972 000*** | ***3 972 000*** | | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | | **213 446 135** | **213 446 135** | **205 418 565** | **205 418 565** | **205 924 250,—** | **190 924 250,—** | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas riaracháin agus foirne na ngníomhaireachtaí díláraithe (Teideal 1 agus 2) agus, i gcás inarb infheidhme, caiteachas oibríochtúil a bhaineann leis an gclár oibre (Teideal 3).

Leagtar pleananna bunaíochta na ngníomhaireachtaí amach san Iarscríbhinn ‘Foireann’ a ghabhann leis an roinn seo.

Ní mór do na gníomhaireachtaí Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi aistrithe leithreasuithe idir caiteachas oibríochtúil agus caiteachas riaracháin.

**CAIBIDIL 02 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, tíortha is iarrthóirí ionchasacha sna Balcáin Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir an Aontais, méideanna a aisíoctar i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1), na nithe sin agus aon ioncam sannta eile a iontráiltear sa ráiteas ioncaim, is nithe iad as a n-eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha agus cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

### 02 10 01 *Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA)*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 02 10 01 | 44 381 874 | 44 381 874 | 40 709 818 | 40 709 818 | 37 325 380,— | 37 325 380,— |
| *Cúlchistí (30 02 02)* | | | *2 520 000* | *2 520 000* | | |
| IOMLÁN | 44 381 874 | 44 381 874 | 43 229 818 | 43 229 818 | 37 325 380,— | 37 325 380,— |

*Barúlacha*

Is é EASA gníomhaireacht an Aontais i leith sábháilteacht eitlíochta. Is éard is misean dó an leibhéal coiteann cosanta sábháilteachta is airde a áirithiú do shaoránaigh an Aontais, an leibhéal coiteann cosanta comhshaoil is airde a áirithiú, aon phróiseas rialúcháin agus deimhniúcháin amháin a bhunú do na Ballstáit, an margadh eitlíochta inmheánach a éascú agus cothroime iomaíochta a chruthú, agus a bheith ag obair i gcomhar le heagraíochtaí agus le rialtóirí eitlíochta idirnáisiúnta eile.

Áirítear i measc príomhghníomhaíochtaí EASA sonraí feidhmíochta agus faisnéise sábháilteachta a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu chun pleananna gníomhaíochta straitéiseacha a cheapadh, táirgí eitlíochta a dheimhniú agus eagraíochtaí i ngach fearann den eitlíocht a fhormheas (dearadh, táirgeadh, cothabháil, oiliúint, bainistíocht aerthráchta, etc.), ábhar rialaitheach a ullmhú lena gcuirtear caighdeáin choiteanna eitlíochta ar bun san Eoraip agus faireachán agus iniúchtaí a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na gcaighdeán sin sna Ballstáit agus i dtíortha comharsanachta an Aontais a bhfuil comhaontuithe eitlíochta sínithe acu leis an Aontas.

Baineann na cúraimí a dhéanann EASA leis an raon iomlán de rialacha sábháilteachta eitlíochta an Aontais, agus tá gné thábhachtach idirnáisiúnta i gceist leo mar tá sainordú dlíthiúil ag EASA oibriú i gcomhar le gníomhaithe idirnáisiúnta chun an leibhéal cosanta sábháilteachta is airde a bhaint amach do shaoránaigh an Aontais ar fud an domhain (e.g. liosta sábháilteachta an Aontais, oibreoirí tríú tír a údarú, agus cláir um chúnamh teicniúil a chur chun feidhme i leith tríú tíortha). Bunaithe in 2002, tá os cionn 800 saineolaí agus riarthóir eitlíochta in EASA agus tá 31 Bhallstát ann (27 mBallstát de chuid an Aontais + an Eilvéis, an Íoslainn, an Iorua agus Lichtinstéin). Tá ceithre oifig idirnáisiúnta aige in Montréal, Washington, Béising agus Singeapór. De ghnáth, cuimsíonn a bhuiséad go príomha táillí agus muirir (64 %), fóirdheontas ón Aontas (23 %), cistí curtha in áirithe (11 %) agus ranníocaíochtaí ó thríú tíortha (2 %).

**CAIBIDIL 02 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

***02 10 01*** *(Ar lean.)*

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 44 622 554 |
| *méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (airteagal ioncaim 6 6 2)* | 240 680 |
| Méid arna iontráil sa bhuiséad | 44 381 874 |

Ioncam sannta (bunús, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-EEA | 1 588 871 | 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, Rialacháin (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

Rialachán (AE) 2023/2405 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le cothrom na Féinne a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe (ReFuelEU Aviation) (IO L, 2023/2405, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2405/oj).

*Gníomhartha tagartha*

Rialachán (CE) Uimh. 1032/2006 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2006 lena leagtar síos na ceanglais maidir le córais uathoibríocha le haghaidh malartú uathoibríoch sonraí eitilte chun eitiltí a fhógairt, a chomhordú agus a aistriú idir aonaid rialaithe aerthráchta (IO L 186, 7.7.2006, lch. 27).

Rialachán (CE) Uimh. 1033/2006 ón gCoimisiún an 4 Iúil 2006 lena leagtar síos na ceanglais maidir le nósanna imeachta le haghaidh pleananna eitilte ag an gcéim réamheitilte le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair maidir le pleananna eitilte ag céim roimh-eitilte don Aerspás Eorpach Aonair (IO L 186, 7.7.2006, lch. 46).

Rialachán (CE) Uimh. 633/2007 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2007 lena leagtar síos na ceanglais maidir le prótacal aistrithe teachtaireachta eitilte a úsáidtear chun eitiltí a fhógairt, a chomhordú agus a aistriú idir aonaid rialaithe aerthráchta (IO L 146, 8.6.2007, lch. 7).

Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2009 lena leagtar síos na ceanglais maidir le seirbhísí nasctha sonraí le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (IO L 13, 17.1.2009, lch. 3).

Rialachán (CE) Uimh. 262/2009 ón gCoimisiún an 30 Márta 2009 lena leagtar síos na ceanglais maidir le leithdháileadh comhordaithe agus úsáid cód ceistiúcháin Mhodh S le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (IO L 84, 31.3.2009, lch. 20).

Rialachán (AE) Uimh. 73/2010 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2010 lena leagtar síos na ceanglais maidir le cáilíocht sonraí agus faisnéise aerloingseoireachta le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (IO L 23, 27.1.2010, lch. 6).

**CAIBIDIL 02 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

***02 10 01*** *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 311 25.11.2011, lch. 1).

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1206/2011 ón gCoimisiún an 22 Samhain 2011 lena leagtar síos na ceanglais maidir le sainaithint aerárthaí chun faireachas a dhéanamh le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (IO L 305, 23.11.2011, lch. 23).

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1207/2011 ón gCoimisiún an 22 Samhain 2011 lena leagtar síos na ceanglais maidir le feidhmíocht agus idir-inoibritheacht an fhaireachais le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (IO L 305, 23.11.2011, lch. 35).

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 646/2012 ón gCoimisiún an 16 Iúil 2012 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 187, 17.7.2012, lch. 29).

Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh aerfhiúntas agus deimhniú comhshaoil d'aerárthaí agus do tháirgí, codanna agus fearais ghaolmhara, agus le haghaidh deimhniú d'eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1).

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2012 lena leagtar síos rialacha comhchoiteanna an aeir agus forálacha oibríochtúla maidir le seirbhísí agus nósanna imeachta san aerloingseoireacht agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1035/2011 agus Rialacháin (CE) Uimh. 1265/2007, (CE) Uimh. 1794/2006, (CE) Uimh. 730/2006, (CE) Uimh. 1033/2006 agus (AE) Uimh. 255/2010 (IO L 281, 13.10.2012, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1)

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1079/2012 ón gCoimisiún an 16 Samhain 2012 lena leagtar síos na ceanglais maidir le spásáil cainéal gutha le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (IO L 320, 17.11.2012, lch. 14).

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 628/2013 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2013 maidir le modhanna oibre Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa chun iniúchtaí caighdeánaithe a dhéanamh agus chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm rialacha Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 736/2006 ón gCoimisiún (IO L 179, 29.6.2013, lch. 46).

Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2014 lena leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeradróim de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 44, 14.2.2014, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 452/2014 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2014 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeroibríochtaí oibreoirí tríú tír de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 133, 6.5.2014, lch. 12).

**CAIBIDIL 02 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

***02 10 01*** *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach na n-aerárthach agus táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na n-eagraíochtaí agus an phearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin (IO L 362, 17.12.2014, lch. 1).

Rialachán (AE) 2015/340 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2015 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le ceadúnais agus deimhnithe rialtóirí aerthráchta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún agus lena n-ionadaítear Rialachán (AE) Uimh. 805/2011 ón gCoimisiún (IO L 63, 6.3.2015, lch. 1).

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe bainistíochta aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta eile agus a bhformhaoirseacht, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 482/2008, Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, (AE) Uimh. 1035/2011 agus (AE) 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 (IO L 62, 8.3.2017, lch. 1).

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1048 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2018 lena leagtar síos ceanglais úsáide aerspáis agus nósanna imeachta oibriúcháin a bhaineann le loingseoireacht fheidhmíochtbhunaithe (IO L 189, 26.7.2018, lch. 3).

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus (AE) Uimh. 391/2013 (IO L 56, 25.2.2019, lch. 1).

Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 maidir le córais aerárthaí gan foireann agus maidir le hoibreoirí tríú tír de chórais aerárthaí gan foireann (IO L 152, 11.6.2019, lch. 1).

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2019 maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh oibriú aerárthaí gan foireann (IO L 152, 11.6.2019, lch. 45).

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2153 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 maidir leis na táillí agus na muirir a thoibhíonn Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 319/2014 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 36).

***02 10 02*** ***An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 88 999 498 | 88 999 498 | 85 537 819 | 85 537 819 | 82 696 601,— | 82 696 601,— |

*Barúlacha*

Is é EMSA gníomhaireacht an Aontais i leith sábháilteacht mhuirí. Tá sé suite ag croílár líonra sábháilteachta muirí an Aontais agus aithníonn sé an tábhacht atá le comhar éifeachtach a bheith idir go leor páirtithe leasmhara éagsúla agus, go háirithe, idir an tAontas agus institiúidí idirnáisiúnta, riaracháin na mBallstát agus an tionscal muirí.

**02 10 02** *(Ar lean.)*

Áirítear i measc ghníomhaíochtaí EMSA: cúnamh teicniúil agus eolaíochta a thabhairt do Bhallstáit agus don Choimisiún chun reachtaíocht an Aontais maidir le sábháilteacht mhuirí, slándáil, cosc ar thruailliú ó longa agus simpliú riaracháin iompair mhuirí a fhorbairt agus a chur chun feidhme go cuí; faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme reachtaíocht an Aontais trí chuairteanna a thabhairt agus iniúchtaí a dhéanamh; feabhas a chur ar an gcomhar le Ballstáit, agus ar an gcomhar eatarthu; cur le hinniúlacht na n-údarás náisiúnta inniúil; cúnamh oibríochtúil a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí muirí comhtháite maidir le longa, faireachán ar longa agus forfheidhmiú a fhorbairt, a bhainistiú agus a choinneáil ar bun; cúraimí oibríochtúla ullmhachta, braite agus freagartha a dhéanamh i leith truailliú ó longa agus truailliú mara ó shuiteálacha ola agus gáis; agus cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a thabhairt do thríú tíortha, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 89 752 275 |
| *méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (Airteagal ioncaim 6 6 2)* | 752 777 |
| Méid arna iontráil sa bhuiséad | 88 999 498 |

Ioncam sannta (bunús, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-EEA | 3 186 182 | 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (IO L 208, 5.8.2002, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 911/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le cistiú ilbhliantúil i gcomhair ghníomhaíocht na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí i réimse na freagartha ar thruailliú mara ó longa agus ó shuiteálacha ola agus gáis (IO L 257, 28.8.2014, lch. 115).

Rialachán (AE) Uimh. 2016/1625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (IO L 251, 16.9.2016, lch. 77).

Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 234, 22.9.2023, lch. 48).

**02 10 03** ***Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 28 564 091 | 28 564 091 | 27 348 636 | 27 348 636 | 26 164 199,— | 26 164 199,— |

***02 10 03*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Rannchuidíonn ERA le limistéar Eorpach aonair iarnróid, ar limistéar gan teorainneacha é, a fhorbairt tuilleadh agus a fheidhmiú go héifeachtach, trí ardleibhéal sábháilteachta agus idir-inoibritheachta iarnróid a ráthú, agus staid iomaíochta na hearnála iarnróid a fheabhsú freisin. Rannchuidíonn ERA, go háirithe, maidir le hábhair theicniúla, le reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme trí chur chuige comhchoiteann a fhorbairt i leith sábháilteacht ar chóras iarnróid an Aontais agus tríd an leibhéal idir-inoibritheachta ar chóras iarnróid an Aontais a fheabhsú. Tá mar chuspóirí breise ag ERA an laghdú ar rialacha náisiúnta iarnróid a leanúint chun tacú le feidhmíocht na n-údarás náisiúnta ag gníomhú dóibh i réimsí na sábháilteachta agus na hidir-inoibritheachta iarnróid, chun barrfheabhsú nósanna imeachta a chur chun cinn, chun faireachán a dhéanamh ar údaráis náisiúnta sábháilteachta agus ar chomhlachtaí um measúnú comhréireachta agus chun bainistíocht a dhéanamh ar roinnt clár atá ríthábhachtach d'oibriú rianúil an limistéir Eorpaigh iarnróid agus iad a choimeád cothrom le dáta.

Le teacht i bhfeidhm cholún teicniúil an Cheathrú Pacáiste Iarnróid, ainmníodh ERA mar an t-údarás Aontais atá freagrach as údaraithe a eisiúint le haghaidh feithiclí iarnróid a chur ar an margadh, as deimhnithe sábháilteachta aonair a eisiúint le haghaidh gnóthais iarnróid agus as formheasanna taobh riain de chuid an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 28 645 912 |
| *méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (Airteagal ioncaim 6 6 2)* | 81 821 |
| Méid arna iontráil sa bhuiséad | 28 564 091 |

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 1 022 594 | 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Treoir 2007/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le deimhniúchán a dhéanamh ar thiománaithe traenach a bhfuil innill féinghluaiste agus traenacha á n-oibriú acu i gcóras iarnróid an Chomhphobail (IO L 315, 3.12.2007, lch. 51).

Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 881/2004 (IO L 138, 26.5.2016, lch. 1).

Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44).

Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le sábháilteacht iarnróid (IO L 138, 26.5.2016, lch 102).

*Gníomhartha tagartha*

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/764 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2018 maidir leis na táillí agus na muirir is iníoctha le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus coinníollacha íocaíochta na dtáillí agus na muirear sin (IO L 129, 25.5.2018, lch. 68).

**CAIBIDIL 02 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

### *02 10 04 Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA)*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 02 10 04 | 24 676 083 | 24 676 083 | 23 544 889 | 23 544 889 | 37 893 440,— | 22 893 440,— |
| *Cúlchistí (30 02 02)* | | | *610 000* | *610 000* | | |
| IOMLÁN | 24 676 083 | 24 676 083 | 24 154 889 | 24 154 889 | 37 893 440,— | 22 893 440,— |

*Barúlacha*

Cuireadh ENISA ar bun chun feabhas a chur ar inniúlacht an Aontais, na mBallstát agus an phobail ghnó, dá thoradh sin, aghaidh agus freagra a thabhairt ar fhadhbanna slándála gréasán agus faisnéise agus na fadhbanna sin a chosc. Chun an sprioc sin a bhaint amach, beidh ENISA ag forbairt leibhéal ard saineolais agus ag spreagadh comhar leathan idir gníomhaithe san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí.

Is é is aidhm do ENISA cúnamh agus comhairle a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le saincheisteanna a bhaineann le slándáil gréasán agus faisnéise a thagann faoi réim a chuid inniúlachtaí agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún, i gcás ina n-iarrtar sin, chun obair ullmhúcháin theicniúil a dhéanamh chun reachtaíocht an Aontais i réimse na slándála gréasán agus faisnéise a thabhairt cothrom le dáta agus a fhorbairt.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 24 953 071 |
| *méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (Airteagal ioncaim 6 6 2)* | 276 988 |
| Méid arna iontráil sa bhuiséad | 24 676 083 |

Ioncam sannta (bunús, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-EEA | 883 404 | 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).

**CAIBIDIL 02 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

### ***02 10 05 Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 7 819 314 | 7 819 314 | 7 647 494 | 7 647 494 | 7 337 683,— | 7 337 683,— |

*Barúlacha*

Gníomhaíonn Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) mar chomhlacht comhairleach saineolaithe speisialaithe neamhspleách a thugann cúnamh don Choimisiún agus do na húdaráis rialála náisiúnta i gcur chun feidhme chreat rialála an Aontais i leith cumarsáide leictreonaí chun cur chuige rialála comhsheasmhach a chur chun cinn ar fud an Aontais. Ní comhlacht de chuid an Aontais é an Comhlacht ná níl pearsantacht dhlítheanach aige.

Bunaítear Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC mar chomhlacht de chuid an Aontais a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige, a thugann tacaíocht ghairmiúil agus riaracháin do BEREC chun na cúraimí a thugtar dó faoi Rialachán (AE) 2018/1971 a dhéanamh.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 7 851 211 |
| *méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (airteagal ioncaim 6 6 2)* | 31 897 |
| Méid arna iontráil sa bhuiséad | 7 819 314 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC), lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009 (IO L 321, 17.12.2018, lch. 1).

### ***02 10 06 Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 02 10 06 | 17 175 275 | 17 175 275 | 16 657 909 | 16 657 909 | 14 506 947,— | 14 506 947,— |
| *Cúlchistí (30 02 02)* | *1 830 000* | *1 830 000* | *842 000* | *842 000* | | |
| IOMLÁN | 19 005 275 | 19 005 275 | 17 499 909 | 17 499 909 | 14 506 947,— | 14 506 947,— |

**CAIBIDIL 02 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

***02 10 06*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Is comhlacht neamhspleách é ACER agus réiteoir neodrach ar ábhair rialála ar féidir leis cinntí ceangailteacha a dhéanamh ina leith a theastaíonn chun an Margadh Inmheánach Eorpach Fuinnimh a chomhtháthú, ó thaobh leictreachais agus gás nádúrtha araon, agus a thacaíonn dá réir sin leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le hEoraip níos athléimní a thógáil. Cuirtear de chúram ar ACER maoirseacht a dhéanamh ar mhargaí mórdhíola leictreachais agus gáis chun cúbláil mhargaidh a chosc agus a bhrath agus chun imscrúdú a dhéanamh uirthi.

I ndlúthchomhar le húdaráis rialála náisiúnta fuinnimh, áirithíonn ACER go mbaintear comhtháthú margaidh agus cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais amach i gcomhréir le cuspóirí bheartas fuinnimh agus creat rialála an Aontais.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 19 482 253 |
| *méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (Airteagal ioncaim 6 6 2)* | 476 978 |
| Méid arna iontráil sa bhuiséad | 19 005 275 |

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 680 389 | 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh (IO L 326, 8.12.2011, lch. 1).

Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (IO L 158, 14.6.2019, lch. 22).

Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45).

Rialachán (AE) 2022/2576 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 lena bhfeabhsaítear an dlúthpháirtíocht trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar cheannacháin gháis, trí thagarmharcanna praghais iontaofa agus trí mhalartuithe gáis thar theorainneacha (IO L 335, 29.12.2022, lch. 1).

Rialachán (AE) 2022/2578 ón gComhairle an 22 Nollaig 2022 lena mbunaítear sásra ceartúcháin margaidh chun saoránaigh den Aontas agus an geilleagar a chosaint ar phraghsanna as cuimse ard (IO L 335, 29.12.2022, lch. 45).

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh ón gCoimisiún (AE) 2020/2152 an 17 Nollaig 2020 maidir le táillí atá dlite do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh le haghaidh faisnéis arna tuairisciú faoi Rialachán (AE) 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhailiú, a láimhseáil, a phróiseáil agus a anailísiú (IO L 428, 18.12.2020, lch. 68).

**CAIBIDIL 02 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

***02 10 06*** *(Ar lean.)*

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna thíolacadh ag an gCoimisiún an 15 Nollaig 2021, maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus hidrigine (athmhúnlú) (COM(2021) 804 final).

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna thíolacadh ag an gCoimisiún an 15 Nollaig 2021, maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942 (COM(2021) 805 final).

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna thíolacadh ag an gCoimisiún an 14 Márta 2023, maidir le feabhas a chur ar chosaint an Aontais ar chúbláil margaidh sa mhargadh mórdhíola fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 2019/942 (COM(2023) 147 final).

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna thíolacadh ag an gCoimisiún an 14 Márta 2023, maidir le feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/943 agus Rialachán (AE) 2019/942, chomh maith le Treoir (AE) 2018/2001 agus Treoir (AE) 2019/944 (COM(2023) 148 final).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA*

**CAIBIDIL 02 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 02 20 | TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | | | | | | | | |
| ***02 20 01*** | ***Treoirthionscadail*** | 1 | 1 790 000 | 7 566 305 | 4 125 000 | 10 539 034 | 3 771 468,— | 7 898 105,68 | 104,39 |
| ***02 20 02*** | ***Gníomhaíochtaí ullmhúcháin*** | 1 | 12 000 000 | 6 850 330 | p.m. | 7 106 007 | 2 894 350,— | 6 363 742,95 | 92,90 |
| ***02 20 03*** | ***Gníomhaíochtaí eile*** | | | | | | | | |
| 02 20 03 01 | An Ciste Eorpach Infheistíochta — Soláthar scaireanna lánícctha de chaipiteal suibscríofa | 1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 02 20 03 02 | An Ciste Eorpach Infheistíochta — An chuid inghlaoite den chaipiteal suibscríofa | 1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 02 20 03 03 | Sábháilteacht núicléach — Comhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta | 1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 02 20 03 04 | Sásra maoinithe an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite | 1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 02 20 03 05 | An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) - Maoirseacht ar ardáin an-mhór ar líne | 1 | p.m. | p.m. | 3 500 000 | 3 500 000 | | | |
| | *Airteagal 02 20 03 — Fo-iomlán* | | p.m. | p.m. | 3 500 000 | 3 500 000 | 0,— | 0,— | |
| ***02 20 04*** | ***Gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi chumhachtaí sonracha arna dtabhairt don Choimisiún*** | | | | | | | | |
| 02 20 04 01 | Gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh beartas Eorpach iompair, slándáil iompair agus cearta paisinéirí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí cumarsáide | 1 | 14 721 660 | 11 000 000 | 14 433 000 | 15 000 000 | 12 447 650,25 | 13 101 880,57 | 119,11 |
| 02 20 04 02 | Gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh beartas Eorpach fuinnimh agus le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh | 1 | 6 762 600 | 6 420 000 | 6 630 000 | 6 000 000 | 6 499 721,12 | 7 818 706,62 | 121,79 |

**CAIBIDIL 02 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **02 20 04** | *(Ar lean.)* | | | | | | | | |
| 02 20 04 03 | Sainiú agus cur chun feidhme bheartas an Aontais i réimse na cumarsáide leictreonaí | 1 | 3 007 423 | 3 100 000 | 2 948 312 | 2 750 000 | 2 945 031,77 | 3 574 197,72 | 115,30 |
| | *Airteagal 02 20 04 — Fo-iomlán* | | 24 491 683 | 20 520 000 | 24 011 312 | 23 750 000 | 21 892 403,14 | 24 494 784,91 | 119,37 |
| | **Caibidil 02 20 — IOMLÁN** | | **38 281 683** | **34 936 635** | **31 636 312** | **44 895 041** | **28 558 221,14** | **38 756 633,54** | **110,93** |

## 02 20 01 *Treoirthionscadail*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 1 790 000 | 7 566 305 | 4 125 000 | 10 539 034 | 3 771 468,— | 7 898 105,68 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go maoineofar cur chun feidhme treoirthionscadal de chineál turgnamhach arna gceapadh chun tástáil a dhéanamh ar a indéanta agus ar a úsáidí atá gníomhaíochtaí.

Leagtar liosta na dtreoirthionscadal amach in Iarscríbhinn 'Treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin' a ghabhann leis an roinn seo, faoi chaibidil PP 02.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

## 02 20 02 *Gníomhaíochtaí ullmhúcháin*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 12 000 000 | 6 850 330 | p.m. | 7 106 007 | 2 894 350,— | 6 363 742,95 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA*

**CAIBIDIL 02 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***02 20 02*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go maoineofar cur chun feidhme gníomhaíochtaí ullmhúcháin i réimsí feidhme CFAE agus Chonradh Euratom, arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn gníomhaíochtaí a ghlacadh sa todhchaí.

Leagtar liosta na ngníomhaíochtaí ullmhúcháin amach in Iarscríbhinn 'Treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin' a ghabhann leis an roinn seo, faoi chaibidil PP 02.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***02 20 03*** ***Gníomhaíochtaí eile***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin airteagal seo go maoineofar bearta agus gníomhaíochtaí nach n-áirítear sna caibidlí roimhe seo den teideal sin ach dá bhfuil bunghníomh glactha.

02 20 03 01 An Ciste Eorpach Infheistíochta — Soláthar scaireanna láníoctha de chaipiteal suibscríofa

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá an ítim seo beartaithe chun maoiniú an chaipitil arna shuibscríobh ag an gCoimisiún sa Chiste Eorpach Infheistíochta a chumhdach (CEI).

Cruthaíodh an Ciste Eorpach Infheistíochta in 1994. Ba iad a bhaill bhunaidh an Comhphobal Eorpach, arbh é an Coimisiún ab ionadaí dó, an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus roinnt institiúidí airgeadais.

*Bunús dlí*

Cinneadh 94/375/CE ón gComhairle an 6 Meitheamh 1994 maidir le ballraíocht an Chomhphobail sa Chiste Eorpach Infheistíochta (IO L 173, 7.7.1994, lch. 12).

**CAIBIDIL 02 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE**
*(Ar lean.)*

***02 20 03*** *(Ar lean.)*

02 20 03 01 *(Ar lean.)*

Cinneadh 2007/247/CE ón gComhairle an 19 Aibreán 2007 maidir le rannpháirtíocht an Chomhphobail sa mhéadú ar chaipiteal an Chiste Eorpaigh Infheistíochta (IO L 107, 25.4.2007, lch. 5).

Cinneadh Uimh. 562/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh sa mhéadú ar chaipiteal an Chiste Eorpaigh Infheistíochta (IO L 156, 24.5.2014, lch. 1).

Cinneadh (AE) 2021/8 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena n-údaraítear don Choimisiún vóta a chaitheamh i bhfabhar méadú ar chaipiteal údaraithe an Chiste Eorpaigh Infheistíochta (IO L 3 7.1.2021, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

02 20 03 02 An Ciste Eorpach Infheistíochta — An chuid inghlaoite den chaipiteal suibscríofa

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá 2 190 scair suibscríofa ag an Aontas faoi láthair, agus gan ach 20 % acu íoctha isteach, rud a fhágann gurb inghlaoite cuid den chaipiteal suibscríofa. Tá an leithreasú seo beartaithe chun an maoiniú i gcás glao ar an méid caipitil atá suibscríofa ag an Aontas a chumhdach

*Bunús dlí*

Cinneadh 94/375/CE ón gComhairle an 6 Meitheamh 1994 maidir le ballraíocht an Chomhphobail sa Chiste Eorpach Infheistíochta (IO L 173, 7.7.1994, lch. 12).

Cinneadh 2007/247/CE ón gComhairle an 19 Aibreán 2007 maidir le rannpháirtíocht an Chomhphobail sa mhéadú ar chaipiteal an Chiste Eorpaigh Infheistíochta (IO L 107, 25.4.2007, lch. 5).

Cinneadh Uimh. 562/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh sa mhéadú ar chaipiteal an Chiste Eorpaigh Infheistíochta (IO L 156, 24.5.2014, lch. 1).

Cinneadh (AE) 2021/8 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena n-údaraítear don Choimisiún vóta a chaitheamh i bhfabhar méadú ar chaipiteal údaraithe an Chiste Eorpaigh Infheistíochta (IO L 3, 7.1.2021, lch. 1).

**CAIBIDIL 02 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***02 20 03*** *(Ar lean.)*

02 20 03 02 *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

02 20 03 03 Sábháilteacht núicléach — Comhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an maoiniú don chúnamh teicniúil agus dlíthiúil is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar ghnéithe sábháilteachta, comhshaoil, eacnamaíocha agus airgeadais na dtionscadal dár iarradh maoiniú i bhfoirm iasachta Euratom, lena n-áirítear staidéir arna ndéanamh ag an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI). Beartaítear leis na bearta sin freisin go mbeifear in ann conarthaí iasachta a dhéanamh agus a thabhairt i gcrích.

Úsáidfear leithreasú faoin mír seo freisin chun go gcumhdófar nó go réamh-mhaoineofar go sealadach costais arna dtabhú ag an Aontas chun oibríochtaí a dhéanamh agus a thabhairt i gcrích atá nasctha le hoibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí Euratom.

Féadfar a bheith mar thoradh ar aon ioncam a iontráiltear in Airteagal 5 5 1 den ráiteas ioncaim go soláthrófar tuilleadh leithreasuithe i gcomhréir le hAirteagal 21(3) pointe (a) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Cinneadh 77/270/Euratom ón gComhairle an 29 Márta 1977 a thugann de chumhacht don Choimisiún iasachtaí Euratom a fháil ar conradh chun rannchuidiú le stáisiúin cumhachta núicléiche a mhaoiniú (IO L 88, 6.4.1977, lch. 9).

02 20 03 04 Sásra maoinithe an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

**CAIBIDIL 02 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***02 20 03*** *(Ar lean.)*

02 20 03 04 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar tacaíocht ó shásra maoinithe an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite arb é is aidhm di an bhearna a líonadh, go páirteach nó go hiomlán, a mhéid a bhaineann sin leis na pointí tagartha náisiúnta faoina ndéanfaí an fuinneamh in-athnuaite arna ghiniúint ag suiteálacha a mhaoinítear as an sásra maoinithe a leithdháileadh ar bhonn staitistiúil ar na Ballstáit rannpháirteacha, de réir a n-íocaíochtaí coibhneasta. Ba cheart go n-éascódh an sásra sin an deis do na Ballstáit an scair earnála den fhuinneamh in-athnuaite san earnáil leictreachais, téimh, fuaraithe agus iompair chuig críocha a bhfuil dúshláin shocheacnamaíocha thromchúiseacha rompu a mhéadú agus iad ag aistriú i dtreo geilleagar aeráidneodrach san Aontais faoi 2050.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

*Gníomhartha tagartha*

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2020 maidir le sásra maoinithe an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite (IO L 303, 17.9.2020, lch. 1).

02 20 03 05 An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) - Maoirseacht ar ardáin an-mhór ar líne

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| p.m. | p.m. | 3 500 000 | 3 500 000 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an ítim seo na leithreasuithe a fháil a eascraíonn as na táillí maoirseachta a íocann ardáin an-mhór ar líne agus innill chuardaigh an-mhór agus atá riachtanach chun na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún i ndáil lena chúraimí maoirseachta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2065. Féadfaidh sin an caiteachas a bhaineann leis na nithe seo a leanas a chumhdach:

— ardáin an-mhór ar líne agus innill chuardaigh an-mhór ar líne a ainmniú;

— bunachair sonraí a bhunú, a choinneáil ar bun agus a oibriú;

**CAIBIDIL 02 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***02 20 03*** *(Ar lean.)*

02 20 03 05 *(Ar lean.)*

— an fhaisnéis bhunúsach agus an bonneagar institiúideach le haghaidh comhar idir na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, an Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha agus an Coimisiún a bhunú, a choinneáil ar bun agus a oibriú;

— acmhainní daonna breise, amhail gníomhairí ar conradh agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht; agus

— caiteachas eile a bhaineann le comhlíonadh na gcúraimí maoirseachta atá beartaithe i Rialachán (AE) 2022/2065.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| Ioncam sannta eile | 45 243 000 6 6 8 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).

***02 20 04*** ***Gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi chumhachtaí sonracha arna dtabhairt don Choimisiún***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin airteagal seo go maoineofar caiteachas a bhaineann le cúraimí a eascraíonn as sainphribhléidí an Choimisiúin ar an leibhéal institiúideach.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (d), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

02 20 04 01 Gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh beartas Eorpach iompair, slándáil iompair agus cearta paisinéirí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí cumarsáide

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 14 721 660 | 11 000 000 | 14 433 000 | 15 000 000 | 12 447 650,25 | 13 101 880,57 |

**CAIBIDIL 02 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***02 20 04*** *(Ar lean.)*

02 20 04 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go maoineofar na gníomhaíochtaí is gá chun anailís, sainmhíniú, cur chun cinn, faireachán, meastóireacht agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartas iompair an Aontais, le haghaidh gach modh iompair (de bhóthar, ar iarnród, san aer, ar muir agus ar uiscebhealaí intíre). Tá sé beartaithe leis na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchuspóirí go dtacófar le beartas iompair an Aontais, lena n-áirítear síneadh chuig tríú tíortha.

Cumhdaítear leis an leithreasú seo gach earnáil iompair amhail sábháilteacht an iompair, an margadh inmheánach iompair, barrfheabhsú an líonra iompair, ilmhódúlacht, lóistíocht, cearta agus cosaint paisinéirí, úsáid breoslaí malartacha, soláthar feithiclí glana agus soghluaisteacht uirbeach, gnéithe sóisialta agus inscne den iompar mar aon le sábháilteacht agus cosaint úsáideoirí iompair.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas arna thabhú ag an gCoimisiún as bailiú agus próiseáil faisnéise den uile chineál a theastaíonn chun anailís, sainmhíniú, cur chun cinn, faireachán, meastóireacht agus cur chun feidhme a dhéanamh ar na rialacha agus na bearta is gá chun feabhas a chur ar shlándáil iompair intíre, aeir agus farraige, lena n-áirítear síneadh chuig tríú tíortha, cúnamh teicniúil agus oiliúint shonrach.

Is iad na príomhchuspóirí atá aige rialacha slándála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i réimse an iompair agus go háirithe:

— bearta chun gníomhartha mailíseacha san earnáil iompair a chosc,

— comhfhogasú reachtaíochta, caighdeán teicniúil agus cleachtas faireacháin riaracháin a bhaineann le slándáil iompair;

— comhtháscairí, modhanna agus cuspóirí slándála a shainmhíniú don earnáil iompair agus an fhaisnéis is gá chun an sainmhíniú sin a bhailiú,

— faireachán a dhéanamh ar bhearta arna ndéanamh ag na Ballstáit maidir le slándáil iompair, ar gach modh iompair,

— comhar idirnáisiúnta ar shlándáil iompair,

— taighde i réimse na slándála iompair a chur chun cinn.

San áireamh sna gníomhaíochtaí tacaíochta tá staidéir, comhairleoireacht, meastóireachtaí agus measúnuithe tionchair, forbairt agus cothabháil ar uirlisí agus ar bhunachair sonraí TF, cruinnithe saineolaithe, faisnéis agus cumarsáid lena n-áirítear feachtais chumarsáide, comhdhálacha agus imeachtaí.

Cumhdaítear leis an leithreasú seo freisin caiteachas chun cór cigirí a bhunú agus a oibriú chun comhlíontacht le ceanglais reachtaíocht slándála an Aontais a sheiceáil maidir le haerfoirt, calafoirt agus saoráidí calafoirt sna Ballstáit, lena n-áirítear síneadh chuig tríú tíortha, agus maidir le longa a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain orthu. San áireamh sa chaiteachas sin tá liúntais chothaithe agus costais taistil chigirí an Choimisiúin agus costais chigirí ó na Ballstáit, a bheidh ina muirear de réir na bhforálacha a leagtar síos sa reachtaíocht sin. Ní mór, go háirithe, na costais a bhaineann le hoiliúint cigirí, le cruinnithe ullmhúcháin agus leis na soláthairtí a theastaíonn chun iniúchtaí a dhéanamh a chur leis an gcaiteachas sin.

**CAIBIDIL 02 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***02 20 04*** *(Ar lean.)*

02 20 04 02 Gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh beartas Eorpach fuinnimh agus le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 6 762 600 | 6 420 000 | 6 630 000 | 6 000 000 | 6 499 721,12 | 7 818 706,62 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas arna thabhú ag an gCoimisiún, agus tacaíocht á tabhairt aige don bheartas fuinnimh, as bailiú agus próiseáil faisnéise den uile chineál a theastaíonn chun anailís, sainmhíniú, cur chun cinn, faireachán, maoiniú, meastóireacht agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartas Eorpach fuinnimh atá iomaíoch, sábháilte agus inbhuanaithe, ar an margadh inmheánach fuinnimh agus a shíneadh chuig tríú tíortha, ar gach gné de shlándáil an tsoláthair fuinnimh i gcomhthéacs Eorpach agus domhanda agus as cearta agus cosaint úsáideoirí fuinnimh a neartú trí sheirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar ar phraghsanna trédhearcacha inchomparáide.

Is iad na príomhchuspóirí formhuinithe ná comhbheartas Eorpach forchéimnitheach a chur chun feidhme i gcomhréir leis an straitéis don aontas fuinnimh (COM(2015) 80 final) chun slándáil leanúnach an tsoláthair fuinnimh a áirithiú mar aon le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh agus rochtain ar líonraí iompair fuinnimh, le grinniú mhargadh an fhuinnimh, le rialachas agus faireachán comhtháite agus le hanailís ar shamhaltú, lena n-áirítear cásanna a bhaineann le tionchar na mbeartas measta agus le neartú chearta agus cosaint úsáideoirí fuinnimh, bunaithe ar eolas ginearálta agus sonrach ar mhargaí fuinnimh domhanda agus Eorpacha le haghaidh gach cineál fuinnimh.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go gcumhdófar caiteachas saineolaithe a bhaineann go díreach le faisnéis riachtanach maidir le grinniú mhargadh an fhuinnimh a bhailiú, a bhailíochtú agus a anailísiú, mar aon le caiteachas ar fhaisnéis agus ar chumarsáid, ar phróiseáil dhigiteach agus léirshamhlú sonraí, ar chomhdhálacha agus imeachtaí a chuireann gníomhaíochtaí in earnáil an fhuinnimh chun cinn, ar fhoilseacháin leictreonacha agus pháipéir, ar tháirgí closamhairc agus ar fhorbairt gníomhaíochtaí éagsúla atá bunaithe ar an ngréasán agus sna meáin shóisialta agus a bhaineann go díreach le gnóthú chuspóir an bheartais fuinnimh. Leis an leithreasú seo, tacófar freisin le hidirphlé feabhsaithe faoin bhfuinneamh le príomhpháirtithe fuinnimh an Aontais agus le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta i réimse an fhuinnimh.

02 20 04 03 Sainiú agus cur chun feidhme bheartas an Aontais i réimse na cumarsáide leictreonaí

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 3 007 423 | 3 100 000 | 2 948 312 | 2 750 000 | 2 945 031,77 | 3 574 197,72 |

**CAIBIDIL 02 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***02 20 04*** *(Ar lean.)*

02 20 04 03 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar thacar beart arna cheapadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

— beartas um chumarsáid leictreonach a fhorbairt, cur chun feidhme an chreata rialála a chur chun cinn (lena n-áirítear lasmuigh den Aontas) agus faireachán agus comhordú a dhéanamh air d'fhonn an margadh inmheánach a chur i gcrích, iomaíochas, infheistíocht agus fás a chur chun cinn agus úsáideoirí deiridh a chosaint thar an raon iomlán saincheisteanna i réimse na cumarsáide leictreonaí: anailís eacnamaíoch, measúnú tionchair, forbairt beartas agus comhlíontacht rialála,

— beartas agus reachtaíocht a fhorbairt a dhíríonn go háirithe ar shaincheisteanna miondíola agus tomhaltóra, go háirithe neodracht an idirlín, lascadh, fánaíocht, spreagadh éilimh agus úsáide agus seirbhís uilíoch,

— cur chun feidhme bheartas fánaíochta an Aontais a chur chun cinn agus faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh air mar a shuitear faoi Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon agus lena leasaítear Treoir 2002/22/CE maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (IO L 310, 26.11.2015, lch. 1),

— rialacháin chomhsheasmhacha mhargadhbhunaithe atá le cur i bhfeidhm ag údaráis rialála náisiúnta agus le freagairt d'fhógraí aonair ó na húdaráis sin a fhorbairt agus a chur chun feidhme, go háirithe maidir le margaí ábhartha, iomaíochas agus idirghabháil iomchuí rialála, go háirithe le haghaidh líonraí rochtana na chéad ghlúine eile.

— beartais i gcoitinne a fhorbairt a áiritheoidh go ndéanfaidh Ballstáit bainistíocht ar gach úsáid speictrim, lena n-áirítear réimsí éagsúla an mhargaidh inmheánaigh amhail cumarsáid leictreonach, 5G (lena n-áirítear idirlíon leathanbhanda), agus nuálaíocht,

— cur chun feidhme an chreata rialála i leith seirbhísí cumarsáide a chur chun cinn agus faireachán a dhéanamh air, lena n-áirítear an sásra dá bhforáiltear in Airteagal 7 de Threoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le comhchreat rialála i gcomhair líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (Creat-treoir) (IO L 108, 24.4.2002, lch. 33),

— é a chur ar a gcumas do thríú tíortha beartas a shaothrú a osclóidh a gcuid margaí an oiread céanna agus dá mba san Aontas iad,

— cur chun feidhme an chláir beartais radaispeictrim a chur chun cinn agus faireachán a dhéanamh air (Cinneadh Uimh. 243/2012/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear clár beartais radaispeictrim ilbhliantúil (IO L 81, 21.3.2012, lch. 7)),

— beartais maidir le cóipcheart ar leibhéal an Aontais a fhorbairt, agus maidir le Treoir 96/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 1996 maidir le cosaint dhlíthiúil bunachar sonraí (IO L 77, 27.3.1996, lch. 20) san áireamh.

— beartais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu i gcomhthéacs an mhargaidh aonair dhigitigh, maidir le ríomhthráchtáil san Aontas, go háirithe beartais a bhaineann le Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe dlíthiúla áirithe de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach ('An Treoir maidir le tráchtáil leictreonach') (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1), lena n-áirítear measúnú ar bhacainní dlíthiúla agus eacnamaíocha a thagann as an gcreat margaidh inmheánaigh don tráchtáil leictreonach nó as bearta a bhaineann leis,

**CAIBIDIL 02 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE**
*(Ar lean.)*

***02 20 04*** *(Ar lean.)*

02 20 04 03 *(Ar lean.)*

— tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme agus do ghlacadh beartas i gcomhthéacs ríomhsheirbhísí rialtais (go háirithe an Plean Gníomhaíochta Ríomhrialtais 2016-2020) agus i gcomhthéacs eIDAS (Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73)) chun cáilíocht agus nuálaíocht na riarachán poiblí a chur chun cinn agus chun dlús a chur leis an úsáid fhorleathan a bhaintear san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach as sainaitheantas iontaofa agus as seirbhísí iontaoibhe sa mhargadh aonair digiteach.

Áirítear leis na bearta sin, *inter alia,* anailísí agus tuarascálacha ar dhul chun cinn a ullmhú, dul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus leis an bpobal, teachtaireachtaí a ullmhú, tograí reachtacha agus faireachán ar chur i bhfeidhm reachtaíochta, aistriúcháin ar fhógraí agus ar chomhairliúcháin faoi Airteagal 32 de Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go gcumhdófar, go háirithe, conarthaí le haghaidh anailísí agus tuairimí saineolacha, staidéir shonracha, tuarascálacha meastóireachta, gníomhaíochtaí comhordaithe, deontais agus páirtmhaoiniú le haghaidh bearta áirithe.

Ina theannta sin, tá sé beartaithe leis freisin go gcumhdófar caiteachas ar chruinnithe saineolaithe, ar imeachtaí cumarsáide, ar tháillí ballraíochta, ar fhaisnéis agus ar fhoilseacháin a bhaineann go díreach le gnóthú chuspóirí an bheartais nó na mbeart a thagann faoi réim an airteagail sin, agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc.*

*TEIDEAL 03*

**AN MARGADH AONAIR**

## TEIDEAL 03

## AN MARGADH AONAIR

### Achoimre ghinearálta ar leithreasuithe (2024 agus 2023) agus ar an olltoradh (2022)

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 03 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN MARGADH AONAIR' | 29 548 000 | 29 548 000 | 28 196 090 | 28 196 090 | 25 514 951,08 | 25 514 951,08 |
| 03 02 | CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR | 573 302 000 | 572 297 738 | 575 224 000 | 587 663 946 | 662 613 623,47 | 514 395 002,14 |
| 03 03 | CLÁR FRITHCHALAOISE AN AONTAIS | 25 505 999 | 23 211 637 | 24 850 000 | 26 370 516 | 24 368 514,15 | 22 249 561,20 |
| 03 04 | COMHAR I RÉIMSE AN CHÁNACHAIS (FISCALIS) | 38 132 232 | 30 137 501 | 37 378 659 | 35 870 000 | 36 609 837,72 | 26 693 704,02 |
| 03 05 | COMHAR I RÉIMSE AN CHUSTAIM (CUSTAIM) | 135 414 000 | 104 538 141 | 132 753 000 | 119 560 000 | 129 928 071,62 | 108 629 164,80 |
| 03 10 | GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE | 130 458 088 | 130 458 088 | 125 630 485 | 125 630 485 | 115 937 910,81 | 115 937 909,81 |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | *5 107 785* | *5 107 785* | | | | |
| | | 135 565 873 | 135 565 873 | 125 630 485 | 125 630 485 | 115 937 910,81 | 115 937 909,81 |
| 03 20 | TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | 20 760 000 | 19 657 014 | 15 200 000 | 19 867 563 | 27 295 850,— | 16 143 035,24 |
| | **Teideal 03 — IOMLÁN** | **953 120 319** | **909 848 119** | **939 232 234** | **943 158 600** | **1 022 268 758,85** | **829 563 328,29** |
| | ***Cúlchistí (30 02 02)*** | ***5 107 785*** | ***5 107 785*** | | | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | **958 228 104** | **914 955 904** | **939 232 234** | **943 158 600** | **1 022 268 758,85** | **829 563 328,29** |

# TEIDEAL 03

# AN MARGADH AONAIR

## CAIBIDIL 03 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN MARGADH AONAIR'

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 03 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN MARGADH AONAIR' | | | | | |
| ***03 01 01*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár an Mhargaidh Aonair*** | | | | | |
| 03 01 01 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár an Mhargaidh Aonair | 1 | 13 768 000 | 13 710 000 | 12 393 463,26 | 90,02 |
| 03 01 01 73 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú — Ranníocaíocht ó Chlár an Mhargaidh Aonair | 1 | 2 897 000 | 1 613 014 | 1 673 802,68 | 57,78 |
| 03 01 01 76 | Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide — Ranníocaíocht ó Chlár an Mhargaidh Aonair | 1 | 12 283 000 | 12 273 076 | 10 847 685,14 | 88,31 |
| | *Airteagal 03 01 01 — Fo-iomlán* | | 28 948 000 | 27 596 090 | 24 914 951,08 | 86,07 |
| ***03 01 02*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Fiscalis*** | 1 | 300 000 | 300 000 | 300 000,— | 100 |
| ***03 01 03*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Custaim*** | 1 | 300 000 | 300 000 | 300 000,— | 100 |
| | **Caibidil 03 01 — IOMLÁN** | | **29 548 000** | **28 196 090** | **25 514 951,08** | **86,35** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas de chineál riaracháin (amhail staidéir, cruinnithe saineolaithe, agus faisnéis agus foilseacháin) atá nasctha go díreach le cuspóirí na gclár nó na mbeart a thagann faoin mbraisle seo a bhaint amach, agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Comhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, is nithe iad as a n-eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha agus cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

**CAIBIDIL 03 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN MARGADH AONAIR'** *(Ar lean.)*

### *03 01 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár an Mhargaidh Aonair*

03 01 01 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár an Mhargaidh Aonair

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 13 768 000 | 13 710 000 | 12 393 463,26 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin chun Clár an Mhargaidh Aonair a chur chun feidhme agus ar na treoirlínte a bhaineann leis an earnáil go sonrach, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta lena n-áirítear córais teicneolaíochta agus faisnéise chorparáideacha. Féadtar an leithreasú sin a úsáid freisin chun bearta a mhaoiniú lena dtacófar le tionscadail nó bearta a ullmhú atá nasctha le cuspóirí na an chláir a bhaint amach.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 492 894 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 03 02.

03 01 01 73 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú — Ranníocaíocht ó Chlár an Mhargaidh Aonair

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 897 000 | 1 613 014 | 1 673 802,68 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais oibriúcháin na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú (HADEA), costais a tabhaíodh mar thoradh ar ról HADEA i gcur chun feidhme Chlár an Mhargaidh Aonair (2021-2027) agus i gcur i gcrích na gclár a bhí ann roimhe sin.

Leagtar plean bunaíochta HaDEA amach san Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

***03 01 01*** *(Ar lean.)*

03 01 01 73 *(Ar lean.)*

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Féach Caibidil 03 02.

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2021) 948 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú d'fhonn cúraimí a fheidhmiú atá nasctha le cláir de chuid an Aontais a chur chun feidhme i réimse EU4Health, an Mhargadh Aonair, an Taighde agus na Nuálaíochta, na hEorpa Digití, agus na Saoráide um Chónascadh na hEorpa – An saol digiteach, lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

03 01 01 76 Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide — Ranníocaíocht ó Chlár an Mhargaidh Aonair

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 12 283 000 | 12 273 076 | 10 847 685,14 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an ranníocaíocht le haghaidh caiteachas ar phearsanra agus ar riarachán Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA) a fhorghníomhóidh codanna den Chlár don Mhargadh Aonair tar éis measúnú costais is tairbhe agus tar éis chur i gcrích na gclár a bhí ann roimhe sin.

Leagtar plean bunaíochta EISMEA amach san Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 439 731 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 03 — AN MARGADH AONAIR*

**CAIBIDIL 03 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN MARGADH AONAIR'** *(Ar lean.)*

***03 01 01*** *(Ar lean.)*

03 01 01 76 *(Ar lean.)*

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Féach Caibidil 03 02.

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2021) 949 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide d'fhonn na cúraimí a fheidhmiú atá nasctha le cláir de chuid an Aontais a chur chun feidhme i réimse na hEorpa Nuálaí, an Mhargaidh Aonair agus na nInfheistíochtaí Nuálaíochta Idir-Réigiúnacha lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais.

***03 01 02*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Fiscalis***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 300 000 | 300 000 | 300 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar staidéir, TF (lena gcumhdaítear idir threalamh agus seirbhísí), cruinnithe saineolaithe, faisnéis, cumarsáid agus foilseacháin atá nasctha go díreach le cuspóir an chláir nó na mbeart a thagann faoin airteagal seo a bhaint amach, agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 03 04.

***03 01 03*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Custaim***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 300 000 | 300 000 | 300 000,— |

**CAIBIDIL 03 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN MARGADH AONAIR'** *(Ar lean.)*

***03 01 03*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar staidéir, TF (lena gcumhdaítear idir threalamh agus sheirbhísí), cruinnithe saineolaithe, faisnéis, cumarsáid agus foilseacháin atá nasctha go díreach le cuspóir an chláir nó na mbeart a thagann faoin airteagal seo a bhaint amach, agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 03 05.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 03 — AN MARGADH AONAIR*

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 03 02 | CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR | | | | | | | | |
| ***03 02 01*** | ***An margadh inmheánach a dhéanamh níos éifeachtaí*** | | | | | | | | |
| 03 02 01 01 | An margadh inmheánach earraí agus seirbhísí a oibriú agus a fhorbairt | 1 | 26 568 000 | 24 900 000 | 24 418 000 | 26 888 000 | 25 007 972,25 | 18 689 634,55 | 75,06 |
| 03 02 01 02 | Uirlisí chun rialachas a dhéanamh ar an margadh inmheánach | 1 | 5 670 000 | 6 900 000 | 5 620 000 | 5 410 000 | 5 470 000,— | 4 275 378,46 | 61,96 |
| 03 02 01 03 | Obair rialála tacaíochta Taxud – Cur chun feidhme agus forbairt an mhargaidh inmheánaigh | 1 | 3 400 000 | 3 453 233 | 3 350 000 | 2 230 000 | 3 300 000,— | 479 533,48 | 13,89 |
| 03 02 01 04 | Dlí na gcuideachtaí | 1 | 1 050 000 | 1 592 289 | 1 050 000 | 1 145 146 | 1 000 000,— | 263 319,— | 16,54 |
| 03 02 01 05 | Beartas iomaíochta ar mhaithe le hAontas níos láidre sa ré dhigiteach | 1 | 19 999 000 | 19 000 000 | 19 999 000 | 24 000 000 | 19 883 000,— | 13 625 712,74 | 71,71 |
| 03 02 01 06 | Cur chun feidhme agus forbairt an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí airgeadais | 1 | 5 460 000 | 5 460 000 | 5 460 000 | 5 670 000 | 5 202 540,10 | 5 061 567,85 | 92,70 |
| 03 02 01 07 | Faireachas margaidh | 1 | 14 779 000 | 11 400 000 | 14 489 000 | 10 850 000 | 14 208 000,— | 4 439 010,43 | 38,94 |
| | *Airteagal 03 02 01 — Fo-iomlán* | | 76 926 000 | 72 705 522 | 74 386 000 | 76 193 146 | 74 071 512,35 | 46 834 156,51 | 64,42 |
| ***03 02 02*** | ***Feabhas a chur ar iomaíochas na bhfiontar, go háirithe FBManna, agus tacú lena rochtain ar mhargaí*** | 1 | 128 361 000 | 125 000 000 | 136 384 000 | 137 069 500 | 154 848 000,— | 76 715 161,38 | 61,37 |
| ***03 02 03*** | ***Caighdeánú Eorpach agus caighdeáin idirnáisiúnta um thuairisciú agus iniúchóireacht airgeadais*** | | | | | | | | |
| 03 02 03 01 | Caighdeánú Eorpach | 1 | 22 616 000 | 22 400 000 | 23 567 000 | 19 000 000 | 21 675 910,26 | 16 814 085,17 | 75,06 |
| 03 02 03 02 | Caighdeáin idirnáisiúnta um thuairisciú agus iniúchóireacht airgeadais agus neamhairgeadais | 1 | 9 659 000 | 9 090 815 | 8 725 000 | 8 630 000 | 8 215 000,— | 8 949 793,87 | 98,45 |
| | *Airteagal 03 02 03 — Fo-iomlán* | | 32 275 000 | 31 490 815 | 32 292 000 | 27 630 000 | 29 890 910,26 | 25 763 879,04 | 81,81 |

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **03 02 04** | ***Tomhaltóirí agus an tsochaí shibhialta a chumhachtú agus ardleibhéal cosanta tomhaltóirí agus sábháilteachta táirge a áirithiú lena n-áirítear rannpháirtíocht úsáideoirí deiridh i gceapadh beartais maidir le seirbhísí airgeadais*** | | | | | | | | |
| 03 02 04 01 | Ardleibhéal cosanta tomhaltóirí agus sábháilteachta táirge a áirithiú | 1 | 24 048 000 | 22 470 831 | 23 648 000 | 17 187 513 | 24 060 000,— | 10 937 953,26 | 48,68 |
| 03 02 04 02 | Rannpháirtíocht úsáideoirí deiridh i gceapadh beartais na seirbhísí airgeadais | 1 | 1 495 000 | 1 495 000 | 1 495 000 | 1 623 287 | 1 495 000,— | 1 495 000,— | 100 |
| | *Airteagal 03 02 04 — Fo-iomlán* | | 25 543 000 | 23 965 831 | 25 143 000 | 18 810 800 | 25 555 000,— | 12 432 953,26 | 51,88 |
| **03 02 05** | ***Staidreamh ardchaighdeáin faoin Eoraip a tháirgeadh agus a scaipeadh*** | 1 | 75 700 000 | 65 000 000 | 75 700 000 | 42 500 000 | 75 235 000,— | 34 731 166,01 | 53,43 |
| **03 02 06** | ***Rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus leasa do dhaoine, ainmhithe agus plandaí*** | 1 | 234 497 000 | 219 000 000 | 231 319 000 | 202 000 000 | 303 013 200,86 | 176 224 275,54 | 80,47 |
| **03 02 99** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 03 02 99 01 | Cláir a bhí ann roimhe seo i réimse na bhfiontar beag agus meánmhéide a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear an Clár le haghaidh Iomaíochas Fiontar agus Fiontar beag agus meánmhéide (COSME) (roimh 2021) | 1 | p.m. | 15 210 000 | p.m. | 26 100 000 | 0,— | 56 045 969,53 | 368,48 |
| 03 02 99 02 | Bearta roimhe seo a chur i gcrích maidir le sábháilteacht bhia agus bheatha, sláinte ainmhithe, leas na n-ainmhithe agus sláinte plandaí (roimh 2021) | 1 | p.m. | 15 000 000 | p.m. | 20 000 000 | 0,— | 28 087 834,15 | 187,25 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 03 — AN MARGADH AONAIR*

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **03 02 99** | *(Ar lean.)* | | | | | | | | |
| 03 02 99 03 | Gníomhaíochtaí agus cláir roimhe seo a chur i gcrích i réimse na dtomhaltóirí (roimh 2021) | 1 | p.m. | 7 495 | p.m. | 5 300 000 | 0,— | 9 865 158,29 | 131 623,19 |
| 03 02 99 04 | Cláir roimhe seo a chur i gcrích a bhain le caighdeánú, tuairisciú agus seirbhísí airgeadais, iniúchóireacht agus staidreamh (roimh 2021) | 1 | p.m. | 4 700 000 | p.m. | 30 502 300 | 0,— | 38 220 444,11 | 813,20 |
| 03 02 99 05 | Gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích i réimse san mhargaidh inmheánaigh agus seirbhísí airgeadais (roimh 2021) | 1 | p.m. | 218 075 | p.m. | 1 420 000 | 0,— | 9 157 953,32 | 4 199,45 |
| 03 02 99 06 | Cláir roimhe seo a bhaineann le dlí na gcuideachtaí a chur i gcrích (roimh 2021) | 1 | p.m. | p.m. | p.m. | 138 200 | 0,— | 316 051,— | |
| | *Airteagal 03 02 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 35 135 570 | p.m. | 83 460 500 | 0,— | 141 693 410,40 | 403,28 |
| | **Caibidil 03 02 — IOMLÁN** | | **573 302 000** | **572 297 738** | **575 224 000** | **587 663 946** | **662 613 623,47** | **514 395 002,14** | **89,88** |

*Barúlacha*

Tá leithreasuithe faoin gcaibidil seo beartaithe chun go rannchuideofar le dea-fheidhmiú an mhargaidh aonair le haghaidh earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais, frithsciúradh airgid agus saorghluaiseacht caipitil, agus le staidreamh Eorpach ardchaighdeáin a sholáthar maidir le gach beartas de chuid an Aontais, de réir chuspóir an Chláir don mhargadh aonair, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus staidreamh Eorpach ('Clár don Mhargadh Aonair'). Leis an gclár tacófar go háirithe le dearadh, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht an Aontais atá mar bhonn taca faoi fheidhmiú ceart an mhargaidh aonair le haghaidh earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais, frithsciúradh airgid agus saorghluaiseacht caipitil, mar aon le fothú acmhainní, comhordú gníomhaíochtaí comhpháirteacha idir na Ballstáit agus an Coimisiún, agus diminsean idirnáisiúnta an mhargaidh inmheánaigh. Leis an gclár freisin tacófar le rannpháirtíocht na mban agus rannchuideofar le cumhachtú ghníomhaithe uile an mhargaidh aonair: gnólachtaí, agus saoránaigh lena n-áirítear tomhaltóirí, an tsochaí shibhialta agus údaráis phoiblí. Leis an gClár don Mhargadh Aonair tugtar sé chlár a bhí ann roimhe le chéile ó réimsí difriúla beartais, go háirithe an chuid maidir le deontais agus conarthaí a bhaineann leis an gClár um Iomaíochas na bhFiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide (COSME), cláir maidir le cosaint an tomhaltóra, lena bhfeabhsaítear rannpháirtíocht tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh eile i gceapadh beartais maidir le seirbhísí airgeadais, forbairt na gcaighdeán idirnáisiúnta um thuairisciú agus iniúchóireacht airgeadais agus corparáideach, bearta chun rannchuidiú le hardleibhéal sláinte le haghaidh daoine, ainmhithe agus plandaí ar feadh an bhiashlabhra agus i réimsí gaolmhara agus i staidreamh Eorpach. Thairis sin, áirítear leis an gclár roinnt línte buiséid eile a bhaineann, go háirithe le faireachas margaidh, dlí na gcuideachtaí, dlí na gconarthaí agus na seach-chonarthaí, caighdeánú agus tacaíocht don bheartas iomaíochta, custaim agus cánachas. Taispeánadh leis an measúnú tionchair go gcruthófar sineirgí le clár aonair amháin lena rannchuideofar le caiteachas buiséadach a bheith níos sofhreagrúla agus níos éifeachtúla.

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó triú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, is nithe iad as a n-eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha agus cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár don mhargadh inmheánach, d’iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha, agus don staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014 agus (AE) Uimh. 652/2014 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 1).

### *03 02 01 An margadh inmheánach a dhéanamh níos éifeachtaí*

03 02 01 01 An margadh inmheánach earraí agus seirbhísí a oibriú agus a fhorbairt

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 26 568 000 | 24 900 000 | 24 418 000 | 26 888 000 | 25 007 972,25 | 18 689 634,55 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a thagann chun cinn i dtaca le bearta lena rannchuidítear le comhlánú an mhargaidh inmheánaigh agus le hoibriú agus le forbairt an mhargaidh, lena n-áirítear:

— bearta atá beartaithe chun oibriú an mhargaidh aonair a dhéanamh níos éifeachtaí agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag saoránaigh agus ag gnónna ar na cearta agus ar na deiseanna is forleithne a eascraíonn as oscailt agus as doimhniú an mhargaidh inmheánaigh gan teorainneacha agus go mbeidh siad in ann na cearta sin a fheidhmiú agus iomlán na ndeiseanna sin a thapú, agus bearta faireacháin agus meastóireachta a bhaineann le feidhmiú coincréiteach a gceart agus a ndeiseanna ag saoránaigh agus ag gnónna d’fhonn aon bhacainn a shainaithint agus éascú le deireadh a chur le haon bhacainn lena bhféadtar cosc a chur orthu iomlán na gceart sin a fheidhmiú,

— an t-athbhreithniú cuimsitheach ar an gcóras rialála d’fhonn athruithe is gá a dhéanamh agus anailís fhoriomlán a chur ar fáil ar éifeachtacht na mbeart arna ndéanamh chun cur le feidhmiú fónta an mhargaidh aonair mar aon le meastóireacht ar thionchar foriomlán an mhargaidh inmheánaigh ar ghnónna agus ar an ngeilleagar, lena n-áirítear ceannach sonraí agus rochtain ag ranna an Choimisiúin ar bhunachair sheachtracha, mar aon le gníomhaíochtaí dírithe lena ndíreofar ar fheabhas a chur ar an tuiscint ar fheidhmiú an mhargaidh aonair agus ar chúiteamh a thabhairt do rannpháirtíocht ghníomhach i gcothú fheidhmiú an mhargaidh,

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

***03 02 01*** *(Ar lean.)*

03 02 01 01 *(Ar lean.)*

— ar ghníomhartha reachtacha nua a fhorbairt ionas go ndúnfar bearnaí sa mhargadh aonair le haghaidh earraí, go háirithe i réimse an innealra soghluaiste, ar chomhfhogasú earnála sna réimsí a chumhdaítear le cur i bhfeidhm threoracha an 'chuir chuige nua', go háirithe an síneadh leis 'an gcur chuige nua' ionas go gcuimseofar earnálacha eile,

— gníomhaíochtaí dá dtagraítear i gCaibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30), maidir le creidiúnaithe agus marcáil comhréireachta CE araon,

— gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/515 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le haitheantas frithpháirteach earraí atá ar an margadh go dleathach i mBallstát eile agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 764/2008 (IO L 91, 29.3.2019, lch. 1),

— gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1), lena n-áirítear, *inter alia*, Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí, an comhar idir na Ballstáit agus na húdaráis um fhaireachas margaidh, na grúpaí earnála um chomhar riaracháin, gníomhaíochtaí comhpháirteacha uile-Aontais ag údaráis um fhaireachas margaidh, ag tacú leis na Ballstáit ó thaobh a straitéisí faireachais mhargaidh de, ag tacú le forbairt saoráidí tástála an Aontais, tacaíocht eolaíoch ón Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC), cúnamh teicniúil chun sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe a fhíorú agus a fhorbairt agus uirlisí TF an Aontais a fhorbairt,

— gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1), lena n-áirítear, *inter alia*, tacaíocht theicniúil chun rialacha maidir le faireachas margaidh a fhorbairt, ag tacú le saoráidí tástála an Aontais a fhorbairt, tacaíocht eolaíoch ó JRC, agus uirlisí TF an Aontais a fhorbairt,

— cur chun feidhme agus faireachán ar reachtaíocht an Aontais maidir le táirgí, an méid seo a leanas go háirithe:

— Treoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát i dtaca le hardaitheoirí agus le comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí. (IO L 96, 29.3.2014, lch. 251),

— Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (IO L 157, 9.6.2006, lch. 24),

— Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le trealamh cosanta pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 89/686/CEE ón gComhairle (IO L 81, 31.3.2016, lch. 51),

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

***03 02 01*** *(Ar lean.)*

03 02 01 01 *(Ar lean.)*

— Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha chun úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh bheith pléascach (athmhúnlú) (IO L 96, 29.3.2014, lch. 309),

— Rialachán (AE) 2016/424 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/9/CE (IO L 81, 31.3.2016, lch. 1),

— Treoir 2000/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i ndáil le hastaíocht torainn sa chomhshaol ó threalamh lena úsáid lasmuigh (IO L 162, 3.7.2000, lch. 1),

— Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62),

— Treoir 2014/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach (IO L 96, 29.3.2014, lch. 79),

— Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO L 96, 29.3.2014, lch. 357),

— Treoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hárthaí áineasa agus árthaí uisce pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 94/25/CE (IO L 354, 28.12.2013, lch. 90),

— Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le fearais a dhónn breoslaí gásacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/142/CE (IO L 81, 31.3.2016, lch. 99),

— Treoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le brú-threalamh a chur ar fáil ar an margadh (IO L 189, 27.6.2014, lch. 164),

— Treoir 2014/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú ar dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hárthaí brú simplí a chur ar fáil ar an margadh (IO L 96, 29.3.2014, lch. 45),

— Treoir 75/324/CEE ón gComhairle an 20 Bealtaine 1975 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i ndáil le dáileoirí aerasóil (IO L 147, 9.6.1975, lch. 40),

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

***03 02 01*** *(Ar lean.)*

03 02 01 01 *(Ar lean.)*

- cur chun feidhme agus faireachán ar reachtaíocht eile an Aontais i réimse an mhargaidh aonair le haghaidh earraí, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle an 7 Nollaig 1998 maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh i ndáil le saorghluaiseacht earraí i measc na mBallstát (IO L 337, 12.12.1998, lch. 8), Treoir 85/374/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha (IO L 210, 7.8.1985, lch. 29) agus Treoir 2014/60/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le maoin chultúrtha a aistríodh go neamhdhleathach ó chríoch Ballstáit a fháil ar ais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 159, 28.5.2014, lch. 1),
- comhfhogasú na gcaighdeán agus córas faisnéise a chothabháil agus a fhorbairt le haghaidh caighdeán agus rialachán teicniúil, scrúdú ar na rialacha dá dtugtar fógra ag na Ballstáit, Stáit CSTE agus an Tuirc agus aistriú na ndréacht-rialachán teicniúil agus na dtéacsanna deiridh gaolmhara,
- maoiniú an chomhordaithe agus an chomhair riaracháin agus theicniúil idir na comhlachtaí dá dtugtar fógra, deontais lena dtacaítear leis an European Technical Approval Organisation (EOTA) [Eagraíocht Eorpach um Cheadú Teicniúil], agus maoiniú tionscadal a bhfuil leas ag an Aontas iontu a dtugann comhlachtaí seachtracha fúthu,
- forbairt agus cur i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais agus faireachán ar an reachtaíocht sin maidir le feistí leighis, táirgí cosmaideacha, táirgí bia, táirgí teicstíle, ceimiceáin, aicmiú agus lipéadú substaintí agus meascán, dea-chleachtas saotharlainne, mótarfheithiclí, bréagáin, méadreolaíocht dhlíthiúil, réamhphacáistíocht agus cáilíocht an chomhshaoil, dáileoirí aerasól, maoin intleachtúil agus bearta faisnéise agus poiblíochta ar mhaithe le feasacht níos mó ar reachtaíocht an Aontais,
- cur i bhfeidhm agus forbairt reachtaíocht an Aontais i réimse Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a leagan amach do tháirgí a bhaineann le fuinneamh (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10),
- rannpháirtíocht san idirbheartaíocht maidir le comhaontuithe i dtaca le haitheantas frithpháirteach agus, faoi chomhaontuithe Eorpacha, tacaíocht do na tíortha comhlacha chun ceadú dóibh *acquis* an Aontais a ghlacadh,
- bearta cur chun feidhme le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1), go háirithe iad sin a eascraíonn as meastóireacht REACH REFIT 2017,
- gníomhaíochtaí a bhaineann leis na bearta leantacha a ghabhann leis an tseiceáil oiriúnachta ar an reachtaíocht is ábhartha maidir le ceimiceáin (gan Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a áireamh) (Tuarascáil ón gCoimisiún an 25 Meitheamh 2019 (COM(2019) 264) agus leis na meastóireachtaí ábhartha eile ar phíosaí sonracha de reachtaíocht an Aontais maidir le ceimiceáin,
- cur chun feidhme na bhforálacha i réimse an tsoláthair phoiblí agus faireachán ar na forálacha sin go háirithe i ndáil le trasuí (iomláine agus comhlíonadh) Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1), Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65) agus Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar ag eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1780 maidir le ríomh-Fhoirmeacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/1986 (IO L 272, 25.10.2019, lch. 7),

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

***03 02 01*** *(Ar lean.)*

03 02 01 01 *(Ar lean.)*

— gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme Threoir 2014/60/AE,

— cur chun feidhme na bhforálacha lena rialaítear conarthaí poiblí agus faireachán ar na forálacha sin d'fhonn a áirithiú go n-oibreofar ar an mbealach is fearr iad agus go mbeidh tairiscintí oscailte i ndáiríre, lena n-áirítear feasacht na bpáirtithe éagsúla sna conarthaí sin a ardú agus oiliúint a chur orthu; teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach agus a úsáid sna réimsí éagsúla ina n-oibrítear na conarthaí sin; oiriúnú leanúnach an chórais rialála agus reachtaíochta i bhfianaise forbairtí a eascraíonn as na conarthaí sin, go háirithe domhandú na margaí agus comhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo,

— leibhéal comhchosúil cuir chun feidhme agus forfheidhmithe á bhaint amach ag comhlachtaí náisiúnta, lena n-áirítear comhlachtaí athbhreithniúcháin, maidir le reachtaíocht an Aontais, chun saobhadh iomaíochta a chomhrac agus chun rannchuidiú le cothroime iomaíochta,

— comhlánú agus bainistiú an mhargaidh inmheánaigh a ráthú, go háirithe a mhéid a bhaineann le saoirse bunaíochta agus saorghluaiseacht seirbhísí, aitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla, agus maoin intleachtúil, go háirithe trádmharcanna, dearthaí, paitinní, tásca geografacha, rúin thrádála agus forfheidhmiú; meastóireacht ar bhearta atá i bhfeidhm agus athbhreithnithe a ullmhú lena rannchuidítear le comhlánú an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí ar líne (meastóireacht agus athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn le haghaidh úsáideoirí gnó seirbhísí idirghabhála ar líne (IO L 186, 11.7.2019, lch. 57) agus meastóireacht ar Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2018 maidir le haghaidh a thabhairt ar gheoblocáil nach bhfuil údar léi agus ar chineálacha eile idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe custaiméirí laistigh den mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE (IO L 60 I, 2.3.2018, lch. 1); iarrachtaí na mBallstát a spreagadh chun deireadh a chur le bacainní roimh an margadh inmheánach do sheirbhísí miondíola trí ghníomhaíochtaí cumarsáide (comhdháil ardleibhéil maidir le miondíol); rochtain ar shonraí ar an miondíol chun tacú le beartais a fhorbairt a thuilleadh,

— anailís ar na héifeachtaí a bhaineann le deireadh a chur le bacainní roimh an margadh inmheánach do sheirbhísí agus ar éifeachtaí na mbeart atá i bhfeidhm mar chuid de na bearta leantacha a ghabhann le léirscaoileadh forchéimnitheach na seirbhísí poist, comhordú bheartais an Aontais i leith seirbhísí poist maidir le córais idirnáisiúnta agus go háirithe maidir le rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí an Aontais Phoist Uilechoitinn (UPU), comhar le tíortha lár agus oirthear na hEorpa, mar aon le hanailís ar impleachtaí coincréiteacha chur i bhfeidhm fhorálacha an Chomhaontaithe Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS) maidir leis an earnáil phoist agus ar an bhforluí le rialacháin UPU,

— gníomhaíochtaí a bhaineann le tionscail na cruthaitheachta agus lena dtionchair ar earnálacha eile de gheilleagar an Aontais, lena n-áirítear idirphlé leis na tionscail sin,

— gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme agus le forbairt bhreise a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin ón AE a chur ar an margadh agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1069/2009 agus (CE) Uimh. 1107/2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 (IO L 170, 25.6.2019, lch. 1),

— gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le beartais a fhorbairt maidir le táirgí inbhuanaithe amhail bunachair shonraí choimhdeacha a fhorbairt, uirlisí TF an Aontais a fhorbairt agus tacaíocht ó JRC,

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

***03 02 01*** *(Ar lean.)*

03 02 01 01 *(Ar lean.)*

— gníomhaíochtaí a bhaineann le hullmhú agus le cur chun feidhme an chórais rialála i leith ceallraí lena n-áirítear an fhéidearthacht chun uirlisí gaolmhara TF agus bunachair shonraí ghaolmhara a fhorbairt,

— gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme agus le forbairt bhreise a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1),

— gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme agus le forbairt bhreise a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le réamhtheachtaithe drugaí (IO L 47, 18.2.2004, lch. 1),

— gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme agus le forbairt bhreise a dhéanamh ar Threoir 2013/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hearraí piriteicniúla a chur ar fáil ar an margadh (IO L 178, 28.6.2013, lch. 27),

— gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme agus le forbairt bhreise a dhéanamh ar Threoir 2014/28/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le pléascáin le haghaidh úsáidí sibhialta a chur ar fáil ar an margadh agus a mhaoirsiú (IO L 96, 29.3.2014, lch. 1),

— gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme agus le forbairt bhreise a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 maidir le leasacháin (IO L 304, 21.11.2003, lch. 1),

— gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme agus le forbairt bhreise a dhéanamh ar Threoir 2004/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le dea-chleachtas saotharlainne (DCS) a iniúchadh agus a fhíorú (IO L 50, 20.2.2004, lch. 28),

— gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme agus le forbairt bhreise a dhéanamh ar Threoir 2004/10/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le comhchuibhiú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin i ndáil le prionsabail dea-chleachtais saotharlainne a chur i bhfeidhm agus i ndáil lena gcur i bhfeidhm a fhíorú i gcás tástálacha ar shubstaintí ceimiceacha (IO L 50, 20.2.2004, lch. 44),

— gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme agus le forbairt bhreise a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le glantaigh (IO L 104, 8.4.2004, lch. 1),

— gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme na Straitéise Ceimiceán don Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí (COM(2020) 667 final),

— gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme agus le forbairt bhreise a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha (IO L 342, 22.12.2009, lch. 59),

— struchtúr tacaíochta a chur ar bun le haghaidh ordghrúpa nó cuibhreannas tionsclaíoch lena gcuideofar le teicneolaíochtaí núíosacha astaíochtaí ísle a thabhairt chun an mhargaidh,

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

***03 02 01*** *(Ar lean.)*

03 02 01 01 *(Ar lean.)*

— gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch. 1), go háirithe maidir le haistriúcháin,

— gníomhaíochtaí a bhaineann le Treoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir le comhrialacha chun an margadh inmheánach Comhphobail i seirbhísí poist a fhorbairt agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú (IO L 15, 21.1.1998, lch. 14), maidir le próiseáil sonraí pearsanta,

— cur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/644 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le seirbhísí seachadta beartán trasteorann (IO L 112, 2.5.2018, lch. 19),

— gníomhaíochtaí a bhaineann le Rialachán (AE) Uimh. 1257/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2012 lena gcuirtear comhar feabhsaithe chun feidhme sa réimse a bhaineann le cosaint aonadach phaitinne a chruthú (IO L 361, 31.12.2012, lch. 1),

— gníomhaíochtaí a bhaineann le Rialachán (AE) Uimh. 1260/2012 ón gComhairle an 17 Nollaig 2012 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe i réimse chruthú na cosanta aonadaí paitinne maidir leis na socruithe aistriúcháin is infheidhme (IO L 361, 31.12.2012, lch. 89), agus

— gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Márta 2023 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) (COM(2023) 161).

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 951 134 6 6 0 0 |

03 02 01 02 Uirlisí chun rialachas a dhéanamh ar an margadh inmheánach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 5 670 000 | 6 900 000 | 5 620 000 | 5 410 000 | 5 470 000,— | 4 275 378,46 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 03 — AN MARGADH AONAIR*

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

***03 02 01*** *(Ar lean.)*

03 02 01 02 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a eascraíonn as bainistiú agus forbairt na n-uirlisí chun rialachas a dhéanamh ar an margadh inmheánach (An Eoraip Agatsa, Tairseach Aonair Dhigiteach, An Eoraip Agatsa – Comhairle, SOLVIT, Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) agus Scórchlár an Mhargaidh Aonair). Leis na huirlisí sin, tá raon seirbhísí gan uaim á sholáthar do shaoránaigh, gnólachtaí agus údaráis phoiblí, a bhfuil sé d'aidhm acu a áirithiú go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach níos fearr sa chleachtas. Leis an tairseach ar líne An Eoraip Agatsa, soláthraítear faisnéis do shaoránaigh agus do ghnólachtaí maidir lena gcearta Aontais i 23 theanga an Aontais. Ó mhí na Nollag 2020, tá An Eoraip Agatsa ina bealach isteach sa Tairseach Aonair Dhigiteach, lena dtugtar faisnéis ar chearta agus ar nósanna imeachta náisiúnta agus réigiúnacha i mBéarla agus sna teangacha náisiúnta ábhartha. Tá Tairseach Aonair Dhigiteach ag oibriú freisin i dtreo na nósanna imeachta riaracháin is tábhachtaí do shaoránaigh agus do ghnólachtaí a dhigitiú, lena n-áirítear a n-inrochtaineacht thrasteorann, agus córas a bhunú chun uathoibriú a dhéanamh ar mhalartú trasteorann na fianaise is gá le haghaidh na nósanna imeachta sin. Leis An Eoraip Agatsa – Comhairle, cuirtear comhairle shaindeartha ar fáil do shaoránaigh agus do ghnólachtaí saor in aisce maidir lena gcearta sa mhargadh inmheánach. Is éard is SOLVIT ann líonra neamhfhoirmiúil chun fadhbanna a réiteach, lena ndéileáiltear go héifeachtúil le fadhbanna trasteorann a bhíonn roimh shaoránaigh nó roimh ghnólachtaí de thoradh chur i bhfeidhm nó thrasuí mícheart reachtaíocht an Aontais ag Ballstát. Le SOLVIT, sainaithnítear saincheisteanna níos leithne agus tuairiscítear ar shaincheisteanna den sórt sin de réir mar a bhraitear i mbunachar sonraí SOLVIT-IMI iad. Is éard is IMI ann feidhmchlár ilteangach ar líne le haghaidh comhar riaracháin idir na Ballstáit laistigh den mhargadh inmheánach, á fhágáil go mbíonn sé éasca d'údaráis faisnéis a mhalartú agus oibriú le chéile, ar bhonn nósanna imeachta simplí aontaithe ina dteanga féin. Maidir le Scórchlár an Margaidh Aonair, lena dtaispeántar feidhmíocht na mBallstát sna réimsí beartais is ábhartha agus le haghaidh uirlisí chun rialachas a dhéanamh ar an margadh inmheánach, tá sé á fhorbairt chun fís ar an margadh inmheánach a sholáthar a bheidh níos críochnaithe fós.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 202 986 6 6 0 0 |

03 02 01 03 Obair rialála tacaíochta Taxud – Cur chun feidhme agus forbairt an mhargaidh inmheánaigh

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 3 400 000 | 3 453 233 | 3 350 000 | 2 230 000 | 3 300 000,— | 479 533,48 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar staidéir, comhairliúcháin, meastóireachtaí, anailís agus measúnuithe tionchair, cruinnithe saineolaithe, gníomhaíochtaí in aicmiú custaim, sealbhú faisnéise agus sonraí, infheistíocht i mbogearraí, costas na n-aistriúchán, caiteachas ar TF lena gcumhdaítear idir threalamh agus sheirbhísí, poiblíocht a chur ar fáil agus a fhorbairt, ábhair ardaithe feasachta agus oiliúna, cumarsáid agus foilseacháin atá nasctha go díreach le cuspóirí na mbeart a thagann faoin airteagal seo a bhaint amach, agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse ad hoc.

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

***03 02 01*** *(Ar lean.)*

03 02 01 03 *(Ar lean.)*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a thagann chun cinn i dtaca le bearta lena rannchuidítear le comhlánú, oibriú agus forbairt an mhargaidh inmheánaigh. Tacaíonn sé le beartas custaim agus le beartas cánach an Aontais agus áirítear leis gníomhaíochtaí atá comhlántach do ghníomhaíochtaí na gClár Custaim agus Fiscalis.

03 02 01 04 Dlí na gcuideachtaí

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 1 050 000 | 1 592 289 | 1 050 000 | 1 145 146 | 1 000 000,— | 263 319,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar bearta a bhfuil sé d'aidhm leo margadh inmheánach a dhéanamh níos éifeachtaí, inter alia, i bhfianaise an chlaochlaithe digitigh, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

— tacú le creat rialála de chuid an Aontais a fhorbairt sna réimsí maidir le dlí na gcuideachtaí agus an rialachas corparáideach, agus dlí na gconarthaí agus na seach-chonarthaí, d'fhonn gnólachtaí, go háirithe FBManna, a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos iomaíche agus, san am céanna, cosaint a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara a ndéanann oibríochtaí cuideachta difear dóibh, agus d'fhonn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin bheartais atá ag teacht chun cinn;

— tacú le meastóireacht iomchuí ar an acquis ábhartha, agus lena chur chun feidhme agus lena fhorfheidhmiú ar bhealach iomchuí, go gcuirfí páirtithe leasmhara ar an eolas agus go dtabharfaí cúnamh dóibh, agus go gcuirfí malartú faisnéise chun cinn sa réimse;

— Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh ón gCoimisiún chun tacú le creat dlíthiúil soiléir agus oiriúnaithe maidir leis an ngeilleagar sonraíbhunaithe agus an nuálaíocht;

— creat dlíthiúil an Aontais maidir leis an bhfrithsciúradh airgid agus maidir leis an gcomhrac i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm i gceart agus ina iomláine agus ba cheart beartais don todhchaí a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua sna hearnálacha sin, chomh maith le tacú le gníomhaíochtaí ábhartha na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil leas Eorpach ag baint leo.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 37 590 6 6 0 0 |

COIMISIÚN

*TEIDEAL 03 — AN MARGADH AONAIR*

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

***03 02 01*** *(Ar lean.)*

03 02 01 05 Beartas iomaíochta ar mhaithe le hAontas níos láidre sa ré dhigiteach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 19 999 000 | 19 000 000 | 19 999 000 | 24 000 000 | 19 883 000,— | 13 625 712,74 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachais lena rannchuideofar le forfheidhmiú, cur chun feidhme, forbairt, nuachóiriú agus cur in iúl éifeachtach bheartas iomaíochta an Aontais. Tá sé beartaithe chun dul i ngleic leis na himpleachtaí le haghaidh na hiomaíochta agus fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a eascraíonn as domhandú agus as claochlú leanúnach an gheilleagair agus thimpeallacht an ghnó, go háirithe, fás agus úsáid easpónantúil na sonraí, méadú na hintleachta saorga agus uirlisí digiteacha agus saineolas digiteach eile. Ba cheart dó tacú le líonraí agus le comhar le húdaráis agus le cúirteanna náisiúnta, mar aon le gníomhaíochtaí for-rochtana i leith páirtithe leasmhara.

Féadfar a áireamh leis na caiteachais sin:

— forbairt, cothabháil, sealbhú agus nuachóiriú uirlisí digiteacha, réiteach mórshonraí agus intleachta saorga, agus trealaimh agus seirbhísí gaolmhara,

— bailiú sonraí margaidh, anailísí agus sealbhú foinsí faisnéise eile,

— saineolas, staidéir, suirbhéanna, comhairliúcháin agus faisnéis mhargaidh,

— fothú acmhainní, comhar agus struchtúir chomhair a fhorbairt agus a neartú le comhlachtaí forfheidhmiúcháin, cúirteanna náisiúnta agus údaráis ábhartha eile de chuid na mBallstát agus idir na comhlachtaí sin, mar aon le húdaráis de chuid tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta,

— gníomhaíochtaí for-rochtana agus seirbhísí gaolmhara agus ábhar gaolmhar,

— caiteachais ghinearálta eile atá nasctha go díreach le cuspóirí an chláir a bhaint amach agus le gníomhaíochtaí Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 715 964 6 6 0 0 |

03 02 01 06 Cur chun feidhme agus forbairt an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí airgeadais

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 5 460 000 | 5 460 000 | 5 460 000 | 5 670 000 | 5 202 540,10 | 5 061 567,85 |

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

***03 02 01*** *(Ar lean.)*

03 02 01 06 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a thagann chun cinn i dtaca le bearta lena rannchuidítear le comhlánú an mhargaidh inmheánaigh agus le hoibriú an mhargaidh, neartú feabhsú agus forbairt i réimse na seirbhísí airgeadais, na cobhsaíochta airgeadais, na bpinsean, na gcóras íocaíochta agus aontas na margaí caipitil, lena n-áirítear airgeadas inbhuanaithe. Rannchuideoidh sé leis an margadh inmheánach a dhéanamh níos éifeachtaí, ag éascú le bacainní a chosc agus le deireadh a chur leo, ag tacú le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú dhlí an Aontais i réimsí na seirbhísí airgeadais (lena n-áirítear faireachas margaidh) agus saorghluaiseacht caipitil. Rannchuideoidh sé le huirlisí rialachais a fhorbairt freisin.

Leis an leithreasú, cumhdófar caiteachas a eascraíonn as faireachán an Choimisiúin ar mhargaí airgeadais agus ar an gcobhsaíocht airgeadais, as an measúnú ar chur chun feidhme reachtaíocht an Aontais ag na Ballstáit, as an meastóireacht ar cibé acu a bhfuil reachtaíocht atá ann cheana oiriúnach dá feidhm nó nach bhfuil, agus as réimsí gníomhaíochta ionchasacha, mar a dtagann rioscaí nó deiseanna nua chun cinn, a shainaithint. Áireofar leis sin diminsean idirnáisiúnta bheartais an Aontais. Féadfar caiteachas a chumhdach leis freisin chun éascú le bainteacht páirtithe leasmhara le linn an timthrialla beartais ar fad. Braitheann gníomhaíochtaí den sórt sin ar tháirgeadh anailísí, staidéar, ábhar oiliúna, suirbhéanna, measúnuithe comhréireachta, meastóireachtaí agus staidrimh. Cumhdófar leis an leithreasú freisin, i gcás inar gá, soláthar poiblí sonraí agus costas na rochtana ar bhunachair shonraí sheachtracha; forbairt agus cothabháil na gcóras TF, lena n-áirítear ceadúnais agus aisíocaíochtaí inmheánacha, agus tacaíocht TF d'úsáideoirí inmheánacha agus seachtracha na gcóras sin; gníomhaíochtaí agus uirlisí faisnéise agus cumarsáide; rannpháirtíocht i gcruinnithe lena n-áirítear cruinnithe eagraíochtaí agus comhlachas idirnáisiúnta; costais bhallraíochta i gcomhlachtaí, eagraíochtaí agus comhlachais; comhairliúcháin agus cruinnithe; agus aon chúnamh eile a cheanglaítear chun oibriú, neartú, feabhsú agus forbairt riachtanach an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 195 468 6 6 0 0 |

03 02 01 07 Faireachas margaidh

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 14 779 000 | 11 400 000 | 14 489 000 | 10 850 000 | 14 208 000,— | 4 439 010,43 |

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

***03 02 01*** *(Ar lean.)*

03 02 01 07 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Laistigh den mhargadh inmheánach, is í an tsaorghluaiseacht earraí an tsaoirse is forbartha de na ceithre shaoirse bhunúsacha uile. Tá an iomaíocht á saobhadh agus tá tomhaltóirí á gcur i mbaol de dheasca an mhéadaithe ar an líon táirgí neamhdhleathacha agus neamhchomhlíontacha atá ar an margadh. Tugann go leor gnónna neamhaird ar na rialacha le teann aineolais orthu nó d'aon ghnó chun buntáiste iomaíoch a fháil.

Áirithítear le faireachas margaidh nach gcuirtear tomhaltóirí ná oibrithe Eorpacha i mbaol le táirgí neamhbhia ar mhargadh an Aontais. Áirithítear leis freisin go gcosnaítear leasanna poiblí eile amhail an comhshaol, an tslándáil agus cothroime sa trádáil.

Faoin gClár don Mhargadh Aonair, tá tacaíocht ann do bhearta maidir le faireachas margaidh san Aontas, tacaíocht lena bhféachtar le comhlíontacht táirgí a neartú trí na dreasachtaí cearta a sholáthar d'fhiontraithe, seiceálacha comhlíontachta agus rialuithe ar tháirgí ag na teorainneacha seachtracha a threisiú, agus comhar trasteorann níos dlúithe a chur chun cinn idir údaráis um fhorfheidhmiú faireachais mhargaidh.

Rannchuidíonn an Clár don Mhargadh Aonair leis an gcreat atá ann cheana, le haghaidh gníomhaíochtaí maidir le faireachas margaidh, a chomhdhlúthú freisin, chun gníomhaíochtaí comhpháirteacha ó údaráis ó Bhallstáit dhifriúla a spreagadh, chun feabhas a chur ar mhalartú na faisnéise agus cóineasú gníomhaíochtaí agus lánpháirtiú níos dlúithe na ngníomhaíochtaí sin a chur chun cinn.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 529 088 | 6 6 0 0 |

***03 02 02*** ***Feabhas a chur ar iomaíochas na bhfiontar, go háirithe FBManna, agus tacú lena rochtain ar mhargaí***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 128 361 000 | 125 000 000 | 136 384 000 | 137 069 500 | 154 848 000,— | 76 715 161,38 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo chun tacú le hiomaíochas na bhfiontar, go háirithe iomaíochas FBManna, agus chun tacú lena bhfás.

Áireofar leis na bearta a chuirfear chun feidhme:

— líonraí agus braislí lena dtabharfar geallsealbhóirí éagsúla le chéile agus tacaíocht chun éiceachórais a nascadh go straitéiseach,

***03 02 02*** *(Ar lean.)*

— foirmeacha éagsúla tacaíochta do FBManna, lena n-áirítear d'fhiontair an gheilleagair shóisialta chun rochtain ar mhargaí agus ar shlabhraí luacha domhanda a chothú, mar aon le fiontraíocht, nuachóiriú an tionscail agus iomaíochas na n-earnálacha,

— foirmeacha éagsúla tacaíochta do FBManna, lena n-áirítear d'fhiontair an gheilleagair shóisialta, chun a n-infheistíochtaí a chumhachtú san inbhuaine ghlas agus shóisialta a théann chun tairbhe an éiceachórais eacnamaíoch áitiúil agus réigiúnaigh,

— comhroinnt faisnéise, scaipeadh faisnéise, ardú feasachta agus seirbhísí comhairleacha chun iomaíochas FBManna a mhéadú agus chun cuidiú leo páirt a ghlacadh sa mhargadh aonair agus níos faide i gcéin.

Le tionscadail féachfar le feabhas a chur ar dhálaí le haghaidh FBManna agus le rannchuidiú le timpeallacht ghnó fhabhrach lena n-áirítear trí fhothú acmhainní, tacaíocht d'idirnáisiúnú FBManna, claochlú tionsclaíoch, forbairt scileanna, agus comhar maidir leis an slabhra luacha, agus le cuidiú leo a n-iomaíochas agus a n-inbhuaine a mhéadú. Braithfidh siad ar na seirbhísí a sholáthraítear le braislí, fiontraíocht agus líonraí tacaíochta gnó.

Thairis sin, cuirfear tionscadail i bhfeidhm chun tacú le cur chun feidhme Straitéis FBM le haghaidh na hEorpa inbhuanaithe digití agus na Straitéise Eorpaí Nua maidir le Tionsclaíocht; mar aon le tosaíochtaí an Choimisiúin atá ann faoi láthair, lena n-áirítear an Comhaontú Glas don Eoraip agus Reachtóireacht Níos Fearr.

Maidir le gníomhaíochtaí tacaíochta, ar gníomhaíochtaí iad atá nasctha go díreach le cuspóirí, a bhaineann go sonrach leis an gclár, a bhaint amach, meastar le haghaidh cistiúcháin freisin iad: cruinnithe (lena n-áirítear ceardlanna), staidéir, faisnéis agus foilseacháin agus rannpháirtíocht i ngrúpaí staidéir.

Leanfaidh príomh-ghníomhaíochtaí de bheith lárnach, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaineann saineolas cruthaithe agus ar éirigh leo FBManna a shroicheadh agus le tacú leo.

Neartófar an Líonra Fiontar Eorpach (EEN) a thuilleadh agus tacófar a thuilleadh leis, agus úsáidfidh sé a shaineolas chun cur ar a gcumas do FBManna feabhas a chur ar a n-iomaíochas agus a ngnó a fhorbairt sa mhargadh aonair agus níos faide i gcéin. Déanfar seirbhísí EEN a oiriúnú agus leathnú a thuilleadh, chun bheith oiriúnach do riachtanais FBManna i leith tosaíochtaí nua beartais amhail digiteáil, idirnáisiúnú, geilleagar ciorclach agus scileanna. Cuideoidh EEN le FBManna agus le cuideachtaí atá i mbun fáis chun saincheisteanna ó thaobh inbhuaine de a thuiscint, agus straitéisí agus pleananna gnó a chur i bhfeidhm chun go n-éireoidh leo dul in oiriúint agus in iomaíocht.

Úsáidfear Tionscnaimh Chomhpháirteacha le haghaidh Braislí Fiontar mar uirlis straitéiseach chun tacú le hiomaíochas agus le méadú ó scálú FBManna, agus an tArdán Comhair do Bhraislí Fiontar Eorpacha agus a European Resource Efficiency Knowledge Centre (EREK) [Lárionad Eolais Eorpach um Éifeachtúlacht Acmhainne (EREK)] ag tacú leo. De thoradh éiceachórais speisialaithe a nascadh, cruthaítear le braislí fiontar deiseanna nua gnó do FBManna agus déantar iad a chomhtháthú ar dhóigh níos fearr i slabhraí luacha straitéiseacha ar leibhéal na hEorpa agus ar an leibhéal domhanda. Soláthrófar tacaíocht chun straitéisí comhpháirtíochta trasnáisiúnta a fhorbairt agus chun gníomhaíochtaí comhpháirteacha a chur chun feidhme, lena n-áirítear chun tacaíocht dhíreach a threorú chuig FBManna chun glacadh ardteicneolaíochtaí a spreagadh, mar aon le réitigh ísealcharbóin, agus uasghrádú scileanna.

Le scéim soghluaisteachta 'Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga', cuirtear ar a gcumas d'fhiontraithe nua nó d'fhiontraithe atá ag teacht chun cinn taithí ghnó a fháil trí iad a mheaitseáil le fiontraí ag a bhfuil taithí ó thír eile, rud lena gcumasaítear neartú tallann fiontraíochta. Cuidíonn an scéim le dul i ngleic leis an dífhostaíocht agus cuireann ar a gcumas do FBManna atá ann cheana poist a chruthú agus a láimhdeachas a mhéadú trína ngnó a leathnú agus a idirnáisiúnú.

Díreofar fócas ar leith ar an turasóireacht inbhuanaithe trí ghníomhaíochtaí tacaíochta earnála. Tacóidh an tAontas, *inter alia*,

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

***03 02 02*** *(Ar lean.)*

- le gníomhaíochtaí chun acmhainneacht gnónna turasóireachta a fhothú, go háirithe FBManna, i réimsí amhail an t-inbhuaine, an digitiú agus an nuálaíocht,
- le gníomhaíochtaí chun comhar trasteorann agus piarfhoghlaim a chur chun cinn i measc geallsealbhóirí turasóireachta agus údarás poiblí atá freagrach as an turasóireacht,
- leis an bhfadbhreathnaitheacht agus le hanailís shocheacnamaíoch maidir le, *inter alia*, iomaíochas fadtéarmach na hearnála turasóireachta agus le cur chun cinn ghnónna turasóireachta an Aontais.

Tá sé beartaithe leis an gClár go ndéanfar an comhionannas deiseanna do chách a chur chun cinn go héifeachtach agus an príomhshruthú inscne a chur chun feidhme ina chuid gníomhaíochtaí.

Ioncam sannta (bunús, méideanna measta agus an t-airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 4 595 324 6 6 0 0 |

***03 02 03*** ***Caighdeánú Eorpach agus caighdeáin idirnáisiúnta um thuairisciú agus iniúchóireacht airgeadais***

03 02 03 01 Caighdeánú Eorpach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 22 616 000 | 22 400 000 | 23 567 000 | 19 000 000 | 21 675 910,26 | 16 814 085,17 |

*Barúlacha*

Rialaítear gníomhaíochtaí caighdeánaithe Eorpacha le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach agus cuirtear chun feidhme na gníomhaíochtaí sin trí bhíthin comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí sheanbhunaithe, rud atá fíorthábhachtach chun na cuspóirí a leagtar síos sa Rialachán sin, agus i mbeartais ghinearálta agus beartais earnálacha de chuid an Aontais i dtaca le caighdeánú, a bhaint amach.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar maoiniú caighdeánaithe Eorpaigh agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara maidir le caighdeáin Eorpacha a chur ar bun. Go háirithe, tabharfar tacaíocht airgeadais leis an leithreasú do na gníomhaíochtaí agus do na heintitis a shonraítear in Airteagal 15 agus Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.

Tá ról tábhachtach ag caighdeáin Eorpacha sa mhargadh inmheánach. Tá siad ríthábhachtach ó thaobh a iomaíche atá gnóthais, go háirithe FBManna. Is den riachtanas iad chun bonn taca a chur faoi reachtaíocht agus beartais an Aontais i roinnt réimsí tábhachtacha, amhail an fuinneamh, an t-athrú aeráide, teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide, úsáid inbhuanaithe acmhainní, an nuálaíocht, sábháilteacht táirgí, cosaint tomhaltóirí, sábháilteacht agus dálaí oibre oibrithe, agus aosú an daonra agus, ar an dóigh sin, tairbhe a dhéanamh don tsochaí i gcoitinne.

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

***03 02 03*** *(Ar lean.)*

03 02 03 02 Caighdeáin idirnáisiúnta um thuairisciú agus iniúchóireacht airgeadais agus neamhairgeadais

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 9 659 000 | 9 090 815 | 8 725 000 | 8 630 000 | 8 215 000,— | 8 949 793,87 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas agus an cuspóir sonrach á shaothrú maidir le tacú le forbairt caighdeán ardcháilíochta um thuairisciú airgeadais agus neamhairgeadais agus um iniúchóireacht ar bhonn domhanda agus ar fud an Aontais, lena n-éascaítear a lánpháirtiú i reachtaíocht an Aontais agus lena gcuirtear chun cinn an nuálaíocht agus forbairt dea-chleachtas maidir leis an tuairisciú corparáideach. Tá cistiú ón Aontas le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin ríthábhachtach chun tacú le Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) a fhorbairt, lena gcuirfear leasanna an Aontais san áireamh agus a bheidh comhsheasmhach le creat dlíthiúil an mhargaidh inmheánaigh, chun dea-chleachtais a chur chun cinn sa tuairisciú corparáideach ar bhonn níos leithne agus chun tacú le formhaoirseacht phoiblí chun Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISA) a fhorbairt go trédhearcach. Tá cistiú ón Aontas ríthábhachtach freisin chun tacú le caighdeáin Eorpacha um thuairisciú inbhuanaitheachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena gcuirfear agus lena rannchuideofar le caighdeáin den sórt sin a fhorbairt ar an leibhéal domhanda.

Féadfar na leithreasuithe a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí lena dtacófar le forbairt agus le cur i bhfeidhm na gcaighdeán corparáideach um thuairisciú agus iniúchóireacht agus le measúnú agus le faireachán a dhéanamh orthu, rud lena rannchuideofar le trédhearcacht mhargaí caipitil an Aontais agus lena bhfeabhsófar cosaint infheisteoirí, cobhsaíocht airgeadais agus maoiniú inbhuanaithe.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 345 792 6 6 0 0 |

***03 02 04*** ***Tomhaltóirí agus an tsochaí shibhialta a chumhachtú agus ardleibhéal cosanta tomhaltóirí agus sábháilteachta táirge a áirithiú lena n-áirítear rannpháirtíocht úsáideoirí deiridh i gceapadh beartais maidir le seirbhísí airgeadais***

03 02 04 01 Ardleibhéal cosanta tomhaltóirí agus sábháilteachta táirge a áirithiú

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 24 048 000 | 22 470 831 | 23 648 000 | 17 187 513 | 24 060 000,— | 10 937 953,26 |

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

***03 02 04*** *(Ar lean.)*

03 02 04 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas in iarracht an cuspóir sonrach a bhaint amach maidir le leasanna tomhaltóirí a chur chun cinn agus ardleibhéal cosanta tomhaltóirí agus sábháilteachta táirge a áirithiú tríd an méid seo a leanas:

— tomhaltóirí, gnónna agus an tsochaí shibhialta a chumhachtú, cúnamh a thabhairt dóibh agus oideachas a chur orthu go háirithe maidir le cearta tomhaltóirí faoi dhlí an Aontais,

— ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí, tomhaltas inbhuanaithe agus sábháilteacht táirgí a áirithiú, go háirithe i gcás na dtomhaltóirí is leochailí chun cothroime, trédhearcacht agus iontaoibh sa mhargadh aonair a fheabhsú,

— a áirithiú go gcuirtear leasanna an tomhaltóra sa domhan digiteach san áireamh mar is cuí,

— tacú le húdaráis forfheidhmithe inniúla agus eagraíochtaí ionadaíocha tomhaltóirí agus gníomhaíochtaí a fheabhsaíonn an comhar idir údaráis inniúla agus béim ar leith á leagan ar shaincheisteanna a ardaítear mar gheall ar theicneolaíochtaí atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn,

— ag rannchuidiú le feabhas a chur ar cháilíocht agus ar infhaigheacht na gcaighdeán ar fud an Aontais,

— aghaidh a thabhairt go héifeachtúil ar chleachtais tráchtála éagóracha,

— a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach tomhaltóir ar shásraí éifeachtacha sásaimh agus go gcuirfear faisnéis leordhóthanach ar fáil dóibh maidir le margaí agus cearta tomhaltóirí, agus

— go gcuirtear tomhaltas inbhuanaithe chun cinn, is é sin, trí fheasacht a mhúscailt faoi shaintréithe sonracha agus tionchar comhshaoil earraí agus seirbhísí.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 860 918 6 6 0 0 |

03 02 04 02 Rannpháirtíocht úsáideoirí deiridh i gceapadh beartais na seirbhísí airgeadais

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 1 495 000 | 1 495 000 | 1 495 000 | 1 623 287 | 1 495 000,— | 1 495 000,— |

***03 02 04*** *(Ar lean.)*

03 02 04 02 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas in iarracht an cuspóir sonrach a bhaint amach maidir le feabhas a chur ar rannpháirtíocht tomhaltóirí, úsáideoirí deiridh eile seirbhísí airgeadais agus ionadaithe na sochaí sibhialta i gceapadh beartas na seirbhísí airgeadais, tuiscint níos fearr ar an earnáil airgeadais agus ar na catagóirí éagsúla de tháirgí airgeadais a thráchtáiltear a chur chun cinn agus cosaint leasanna tomhaltóirí i réimse na seirbhísí airgeadais miondíola a áirithiú.

Féadfar an leithreasú a úsáid chun tacú leis an méid seo a leanas: saincheisteanna a shainaithint is ábhartha do cheapadh beartais an Aontais chun leasanna tomhaltóirí a chosaint i réimse na seirbhísí airgeadais; ardú feasachta, scaipeadh, oideachas agus oiliúint do thomhaltóirí, d'úsáideoirí deiridh eile seirbhísí airgeadais agus do dhaoine nach saineolaithe seirbhísí airgeadais iad; idirghníomhuithe a threisiú idir baill eagraíochtaí atá ag déanamh ionadaíochta ar leasanna tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh eile seirbhísí airgeadais; abhcóideacht agus comhairle maidir le beartais; leas an phobail agus an leas ginearálta a chothú sa rialáil airgeadais agus i rialáil an Aontais. Soláthrófar leis an leithreasú an fhéidearthacht chun gníomhaíochtaí den sórt sin a chómhaoiniú, lena n-áirítear i ndáil leis an airgeadas inbhuanaithe, an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus an t-athrú aeráide a dtugann dhá eagraíocht neamhbhrabúsacha (Finance Watch agus Better Finance) nó tairbhithe ionchasacha eile fúthu, i gcás ina dtiocfaidís chun cinn.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 3 140 6 6 0 0 |

***03 02 05*** ***Staidreamh ardchaighdeáin faoin Eoraip a tháirgeadh agus a scaipeadh***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 75 700 000 | 65 000 000 | 75 700 000 | 42 500 000 | 75 235 000,— | 34 731 166,01 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar:

- bailiú sonraí staidrimh agus suirbhéanna, staidéir agus forbairt táscairí agus tagarmharcanna,
- staidéir cháilíochta, aistriú eolais, forbairt acmhainne agus gníomhaíochtaí arna gceapadh chun feabhas a chur ar cháilíocht staidrimh,
- an fhaisnéis staidrimh a phróiseáil, a scaipeadh, a chur chun cinn agus a mhargú,
- córais agus bonneagar TF a fhorbairt, a chothabháil agus a athstruchtúrú, ar córais agus bonneagar iad atá nasctha le bearta, a thagann faoin airteagal seo, a chur i bhfeidhm agus faireachán a dhéanamh orthu,

COIMISIÚN
*TEIDEAL 03 — AN MARGADH AONAIR*

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

***03 02 05*** *(Ar lean.)*

— obair rioscabhunaithe maidir le rialú ag láithreáin na n-eintiteas atá páirteach i dtáirgeadh faisnéise staidrimh sna Ballstáit, go háirithe chun tacú le rialachas eacnamaíoch an Aontais,

— tacaíocht do líonraí comhoibríocha agus tacaíocht d'eagraíochtaí arb iad a gcuspóirí agus a ngníomhaíochtaí príomhúla Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh a chur chun cinn agus tacú lena a chur chun feidhme, mar aon le modhanna nua a chur chun feidhme chun staidreamh Eorpach a chur ar fáil,

— seirbhísí a sholáthraíonn saineolaithe seachtracha,

— cúrsaí oiliúna staidrimh le haghaidh staitisteoirí,

— costas chun doiciméadacht a cheannach,

— fóirdheontais agus síntiúis le comhlachais staidrimh idirnáisiúnta,

— bailiú na faisnéise is gá chun tuarascáil achomair bhliantúil a dhréachtú maidir le staid eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais ar bhonn sonraí eacnamaíocha agus táscairí agus tagarmharcanna struchtúracha,

— costais a tabhaíodh i dtaca le hoiliúint a chur ar staitisteoirí náisiúnta agus leis an mbeartas oibriú i gcomhar le tríú tíortha i réimse an staidrimh; caiteachas a bhaineann le malartuithe oifigeach, costais cruinnithe faisnéise, agus caiteachas ar íocaíocht as seirbhísí arna soláthar i dtaca le pá oifigeach agus pearsanra eile a choigeartú,

— comhoibriú leis an gclár a bhfuil an lipéad 'European Master in Official Statistics' [Máistreacht Eorpach sa Staidreamh Oifigiúil] air chun taighde a fhorbairt i réimse an staidrimh oifigiúil, maille le tionscadail mhúinteoireachta chomhpháirteacha agus oiliúint choincréiteach maidir leis an gCóras Staidrimh Eorpach a spreagadh,

— caiteachas ar cheannach sonraí agus ar rochtain le haghaidh ranna an Choimisiúin ar bhunachair shonraí sheachtracha,

— teicnící módúlacha, nua a fhorbairt,

— faisnéis staidrimh is gá a sholáthar, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún nó ag institiúidí eile den Aontas Eorpach, chun measúnú, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chaiteachas an Aontais. Cuirfear feabhas leis sin ar chur chun feidhme an bheartais airgeadais agus bhuiséadaigh (an buiséad agus an t-athbhreithniú tréimhsiúil, ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil, a dhréachtú) agus fágfar go mbeifear in ann sonraí meántéarmacha agus fadtéarmacha a thiomsú chun an tAontas a mhaoiniú.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 2 032 545 | 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 5 734 059 | 6 0 3 0 |

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

### 03 02 06 *Rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus leasa do dhaoine, ainmhithe agus plandaí*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 234 497 000 | 219 000 000 | 231 319 000 | 202 000 000 | 303 013 200,86 | 176 224 275,54 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go dtacófar le bearta a bhfuil sé d'aidhm leo rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus leasa do dhaoine, ainmhithe agus plandaí ar fud an bhiashlabhra agus i réimsí gaolmhara amhail gníomhaíochtaí i réimsí leas na n-ainmhithe, táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe bia, calaois bhia, cláir rialaithe chomhordaithe, digiteáil, friotaíocht fhrithmhiocróbach agus cur amú bia a chosc.

Leis na gníomhaíochtaí maidir le leas na n-ainmhithe, díreofar ar thacaíocht do thionscadail nuálacha lena ndéanfar cleachtais atá ann faoi láthair a athsholáthar, a laghdú nó a bheachtú, ar cleachtais iad lena ndéantar dochar do leas na n-ainmhithe mar aon le gníomhaíochtaí bailithe sonraí agus oiliúna. Thairis sin, beidh tionscnaimh ann chun feabhas a chur ar úsáid inbhuanaithe na n-ábhar pacáistithe bia agus ghréithe mar bhealach chun sprioc an gheilleagair chiorclaigh a bhaint amach agus rannchuidiú leis an straitéis um thruailliú nialasach.

### 03 02 99 *Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin airteagal seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanas atá fós le socrú ó bhlianta roimhe seo.

03 02 99 01 Cláir a bhí ann roimhe seo i réimse na bhfiontar beag agus meánmhéide a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear an Clár le haghaidh Iomaíochas Fiontar agus Fiontar beag agus meánmhéide (COSME) (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 15 210 000 | p.m. | 26 100 000 | 0,— | 56 045 969,53 |

*Bunús dlí*

Cinneadh 89/490/CEE ón gComhairle an 28 Iúil 1989 maidir le feabhas a chur ar thimpeallacht an ghnó agus le forbairt na bhfiontar, agus go háirithe na bhfiontar beag agus meánmhéide, a chur chun cinn sa Chomhphobal (IO L 239, 16.8.1989, lch. 33).

Cinneadh 91/179/CEE ón gComhairle an 25 Márta 1991 maidir le téarmaí tagartha an Ghrúpa Idirnáisiúnta um Staidéar ar Chopar a ghlacadh (IO L 89, 10.4.1991, lch. 39).

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

***03 02 99*** *(Ar lean.)*

03 02 99 01 *(Ar lean.)*

Cinneadh 91/319/CEE ón gComhairle an 18 Meitheamh 1991 maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gclár chun feabhas a chur ar thimpeallacht an ghnó agus le forbairt na bhfiontar, agus go háirithe na bhfiontar beag agus meánmhéide, a chur chun cinn sa Chomhphobal (IO L 175, 4.7.1991, lch. 32).

Cinneadh 91/537/CEE ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 1991 maidir le téarmaí tagartha an Ghrúpa Idirnáisiúnta um Staidéar ar Nicil a ghlacadh (IO L 293, 24.10.1991, lch. 23).

Cinneadh 92/278/CEE ón gComhairle an 18 Bealtaine 1992 lena ndeimhnítear comhdhlúthú Ionad AE-na Seapáine um Chomhar Tionsclaíoch (IO L 144, 26.5.1992, lch. 19).

Cinneadh 93/379/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1993 maidir le clár ilbhliantúil de bhearta Comhphobail chun na réimsí tosaíochta a threisiú agus chun leanúnachas agus comhdhlúthú an bheartais fiontraíochta a áirithiú sa Chomhphobal, go háirithe i measc fiontar beag agus meánmhéide, sa Chomhphobal (IO L 161, 2.7.1993, lch. 68).

Cinneadh 96/413/CE ón gComhairle an 25 Meitheamh 1996 maidir le clár gníomhaíochta Comhphobail a chur chun feidhme chun iomaíochas thionscal an Aontais a neartú (IO L 167, 6.7.1996, lch. 55).

Cinneadh 97/15/CE ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir leis an tríú clár ilbhliantúil le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) san Aontas Eorpach (1997 go 2000) (IO L 6, 10.1.1997, lch. 25).

Cinneadh 98/347/CE ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le bearta cúnaimh airgeadais le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) atá nuálach agus a chruthaíonn poist — an tionscnamh fáis agus fostaíochta (IO L 155, 29.5.1998, lch. 43).

Cinneadh 2000/819/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2000 maidir le clár ilbhliantúil le haghaidh fiontair agus fiontraíochta, agus go háirithe le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) (2001-2005) (IO L 333, 29.12.2000, lch. 84).

Cinneadh 2001/221/CE ón gComhairle an 12 Márta 2001 a bhaineann le rannpháirtíocht an Chomhphobail sa Ghrúpa Idirnáisiúnta um Staidéar ar Luaidhe agus ar Shinc (IO L 82, 22.3.2001, lch. 21).

Cinneadh 2002/651/CE ón gComhairle an 22 Iúil 2002 maidir le rannpháirtíocht an Chomhphobail sa Ghrúpa Idirnáisiúnta um Staidéar ar Rubar (IO L 215, 10.8.2002, lch. 13).

Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáide tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1).

Cinneadh 2006/77/CE ón gCoimisiún an 23 Nollaig 2005 lena ndéantar Grúpa Ardleibhéil maidir le hIomaíochas, Fuinneamh agus an Comhshaol a chur ar bun (IO L 36, 8.2.2006, lch. 43).

Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear Clár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta (2007 go 2013) (IO L 310, 9.11.2006, lch. 15).

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

***03 02 99*** *(Ar lean.)*

03 02 99 01 *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) Uimh. 1287/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár um Iomaíochas na bhFiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide (COSME) (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 33).

Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh i 'Fís 2020 — an Clár réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020)' agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 81).

03 02 99 02 Bearta roimhe seo a chur i gcrích maidir le sábháilteacht bhia agus bheatha, sláinte ainmhithe, leas na n-ainmhithe agus sláinte plandaí (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 15 000 000 | p.m. | 20 000 000 | 0,— | 28 087 834,15 |

*Bunús dlí*

Treoir 66/401/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol plandaí farae a mhargú (IO 125, 11.7.1966, lch. 2298/66).

Treoir 66/402/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol gránach a mhargú (IO 125, 11.7.1966, lch. 2309/66).

Treoir 68/193/CEE ón gComhairle an 9 Aibreán 1968 maidir le hábhar iomadaithe fhásúil na fíniúna a mhargú (IO L 93, 17.4.1968, lch. 15).

Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, a mhéid a bhaineann le hábhair laistigh dá inniúlacht, na gcomhaontuithe ar ar thángthas i mBabhta Uragua den chaibidlíocht iltaobhach (1986-1994) (IO L 336, 23.12.1994, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 5, Measúnú ar Riosca agus Cinneadh Leibhéal Iomchuí na Cosanta Sláintíche nó Fíteashláintíche, sa chaibidil 'Comhaontú maidir le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta a chur i bhfeidhm' de.

Treoir 98/56/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le margú ábhair iomadaithe plandaí ornáideacha (IO L 226, 13.8.1998, lch. 16).

Treoir 1999/105/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1999 maidir le hábhar atáirgthe foraoise a mhargú (IO L 11, 15.1.2000, lch. 17), agus go háirithe Airteagal 11(1) de.

Treoir 2000/29/CE ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le bearta cosanta i gcoinne orgánach a bheadh díobhálach do phlandaí nó do tháirgí plandaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus i gcoinne a leata sa Chomhphobal (IO L 169, 10.7.2000, lch. 1).

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

***03 02 99*** *(Ar lean.)*

03 02 99 02 *(Ar lean.)*

Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 50 de.

Treoir 2002/53/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an gcatalóg choiteann de chineálacha speiceas plandaí talmhaíochta (IO L 193, 20.7.2002, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 17 de sin.

Treoir 2002/54/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol biatais a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 12).

Treoir 2002/55/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol glasraí a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 33).

Treoir 2002/56/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le prátaí síl a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 60).

Treoir 2002/57/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síolta plandaí ola agus snáithín a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 74).

Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le rialuithe oifigiúla a dhéantar chun a áirithiú go bhfíorófar comhlíonadh dlí beatha agus bia, agus rialacha sláinte ainmhithe agus leasa ainmhithe (IO L 165, 30.4.2004, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle an 30 Eanáir 2006 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L 42, 14.2.2006, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 1332/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le heinsímí bia agus lena leasaítear Treoir 83/417/CEE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle, Treoir 2000/13/CE, Treoir 2001/112/CE ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 258/97 (IO L 354, 31.12.2008, lch. 7).

Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia (IO L 354, 31.12 2008, lch. 16).

Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le blastáin agus maidir le comhábhair áirithe bia a bhfuil airíonna blaistithe acu atá le húsáid i mbianna agus ar bhianna agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2232/96 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ón gComhairle agus Treoir 2000/13/CE (IO L 354, 31.12.2008, lch. 34).

Treoir 2008/72/CE ón gComhairle an 15 Iúil 2008 maidir le hábhar iomadaithe agus plandaithe glasraí, seachas síol, a mhargú (IO L 205, 1.8.2008, lch. 28).

Treoir 2008/90/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le margú ábhair iomadaithe plandaí torthaí agus margú plandaí torthaí a bheartaítear do tháirgeadh torthaí (IO L 267, 8.10.2008, lch. 8).

Cinneadh 2009/470/CE ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 maidir le caiteachas i réimse na tréidliachta (IO L 155, 18.6.2009, lch. 30).

**CAIBIDIL 03 02 — CLÁR AN MHARGAIDH AONAIR** *(Ar lean.)*

***03 02 99*** *(Ar lean.)*

03 02 99 02 *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 23).

03 02 99 03 Gníomhaíochtaí agus cláir roimhe seo a chur i gcrích i réimse na dtomhaltóirí (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 7 495 | p.m. | 5 300 000 | 0,— | 9 865 158,29 |

*Bunús dlí*

Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 11, 15.1.2002, lch. 4).

Cinneadh 2000/506/CE ón gComhairle an 31 Iúil 2000 maidir le críochnú Comhaontaithe trí Mhalartú Litreacha idir an Comhphobal Eorpach agus an Iorua maidir le síneadh a chur leis an líonra cumarsáide coiteann/comheadán coiteann na gcóras (CCN/CSI) faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach (IO L 204, 11.8.2000, lch. 35).

Cinneadh Uimh. 253/2003/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2003 lena nglactar clár gníomhaíochta um chustam an Chomhphobail (Custam 2007) (IO L 36, 12.2.2003, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 624/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 lena mbunaítear clár gníomhaíochta um chustam sa Chomhphobal (Custam 2013) (IO L 154, 14.6.2007, lch. 25).

Cinneadh Uimh. 70/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le timpeallacht chustaim gan pháipéar i gcomhair custaim agus trádála (IO L 23, 26.1.2008, lch. 21).

Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 lena leagtar síos Cód Custaim an Chomhphobail (Cód Custaim Nuachóirithe (IO L 145, 4.6.2008, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 1294/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear clár gníomhaíochta um chustam san Aontas Eorpach don tréimhse 2014-2020 (Custam 2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 624/2007/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 209), agus go háirithe Airteagal 5 de.

Cúram a thagann ó shainphribhléidí an Choimisiúin ar an leibhéal institiúideach, amhail dá bhforáiltear in Airteagal 58(2) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**CAIBIDIL 03 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 03 10 | GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE | | | | | | | | |
| ***03 10 01*** | ***An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA)*** | | | | | | | | |
| 03 10 01 01 | An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán — Reachtaíocht maidir le Ceimiceáin | 1 | 69 805 590 | 69 805 590 | 68 362 343 | 68 362 343 | 61 646 438,81 | 61 646 437,81 | 88,31 |
| 03 10 01 02 | An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán — Gníomhaíochtaí i réimse na reachtaíochta maidir le bithicídí | 1 | 6 348 788 | 6 348 788 | 6 516 194 | 6 516 194 | 7 100 000,— | 7 100 000,— | 111,83 |
| | *Airteagal 03 10 01 — Fo-iomlán* | | 76 154 378 | 76 154 378 | 74 878 537 | 74 878 537 | 68 746 438,81 | 68 746 437,81 | 90,27 |
| ***03 10 02*** | ***An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE)*** | 1 | 20 640 431 | 20 640 431 | 19 036 991 | 19 036 991 | 18 335 976,— | 18 335 976,— | 88,84 |
| ***03 10 03*** | ***An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC)*** | 1 | 13 537 447 | 13 537 447 | 13 367 877 | 13 367 877 | 12 852 232,— | 12 852 232,— | 94,94 |
| ***03 10 04*** | ***An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA)*** | 1 | 20 125 832 | 20 125 832 | 18 347 080 | 18 347 080 | 16 003 264,— | 16 003 264,— | 79,52 |
| ***03 10 05*** | ***An tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid (ÚFA)*** | 1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | | | |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | | *5 107 785* | *5 107 785* | | | | | |
| | | | 5 107 785 | 5 107 785 | p.m. | p.m. | | | |
| | **Caibidil 03 10 — IOMLÁN** | | **130 458 088** | **130 458 088** | **125 630 485** | **125 630 485** | **115 937 910,81** | **115 937 909,81** | **88,87** |
| | ***Cúlchistí (30 02 02)*** | | ***5 107 785*** | ***5 107 785*** | | | | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | | **135 565 873** | **135 565 873** | **125 630 485** | **125 630 485** | **115 937 910,81** | **115 937 909,81** | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas riaracháin agus foirne na ngníomhaireachtaí díláraithe (Teideal 1 agus 2) agus, i gcás inarb infheidhme, caiteachas oibríochtúil a bhaineann leis an gclár oibre (Teideal 3).

Leagtar pleananna bunaíochta na ngníomhaireachtaí amach san Iarscríbhinn ‘Foireann’ a ghabhann leis an roinn seo.

Ní mór do na gníomhaireachtaí Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi aistrithe leithreasuithe idir caiteachas oibríochtúil agus caiteachas riaracháin.

**CAIBIDIL 03 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó triú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, méideanna a aisíoctar i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna mbunú faoin CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1), na nithe sin agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, is nithe iad as a n-eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha agus cur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

### *03 10 01 An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA)*

03 10 01 01 An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán — Reachtaíocht maidir le Ceimiceáin

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 69 805 590 | 69 805 590 | 68 362 343 | 68 362 343 | 61 646 438,81 | 61 646 437,81 |

*Barúlacha*

De réir Airteagal 96 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, is éard a bheidh in ioncaim na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) fóirdheontas ón Aontas, arna iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh (Roinn an Choimisiúin), na táillí a íocann gnóthais, agus aon ranníocaíocht dheonach ó na Ballstáit.

Ní bheidh ioncam ECHA ó tháillí agus ó mhuirir ná ón mbarrachas arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe leordhóthanach chun caiteachas ionchasach ECHA a chumhdach. Ceanglaítear ranníocaíocht chomhardaithe ón Aontas.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 73 971 000 |
| *méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (Airteagal ioncaim 6 6 2)* | 4 165 410 |
| An méid arna iontráil sa bhuiséad | 69 805 590 |

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim):

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 2 499 040 | 6 6 0 0 |

**CAIBIDIL 03 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

***03 10 01*** *(Ar lean.)*

03 10 01 01 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

03 10 01 02 An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán — Gníomhaíochtaí i réimse na reachtaíochta maidir le bithicídí

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 6 348 788 | 6 348 788 | 6 516 194 | 6 516 194 | 7 100 000,— | 7 100 000,— |

*Barúlacha*

De réir Airteagal 78 de Rialachán (CE) Uimh. 528/2012, is éard a bheidh in ioncaim ECHA fóirdheontas ón Aontas, arna iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh (Roinn an Choimisiúin), na táillí a íoctar le ECHA i gcomhréir leis an Rialachán sin, aon mhuirear a íoctar le ECHA as seirbhísí a sholáthraíonn sí faoin Rialachán seo, agus aon ranníocaíocht dheonach ó na Ballstáit.

Ní bheidh ioncam ECHA ó tháillí agus ó mhuirir ná ón mbarrachas arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe leordhóthanach chun caiteachas ionchasach ECHA a chumhdach. Ceanglaítear ranníocaíocht chomhardaithe ón Aontas.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 7 745 000 |
| *méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (Airteagal ioncaim 6 6 2)* | 1 396 212 |
| An méid arna iontráil sa bhuiséad | 6 348 788 |

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim):

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 227 287 | 6 6 0 0 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 03 — AN MARGADH AONAIR*

**CAIBIDIL 03 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

***03 10 01*** *(Ar lean.)*

03 10 01 02 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicíde a chur ar fáil sa mhargadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

***03 10 02*** ***An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 20 640 431 | 20 640 431 | 19 036 991 | 19 036 991 | 18 335 976,— | 18 335 976,— |

*Barúlacha*

Ag féachaint do CFAE, agus go háirithe Airteagal 114 de, mar aon le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, déanann an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) cuid de Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais (CEMA). Is é an príomhchuspóir atá ag CEMA ná a áirithiú go ndéantar na rialacha is infheidhme maidir leis an earnáil airgeadais a chur chun feidhme go leordhóthanach chun an chobhsaíocht airgeadais a chaomhnú agus chun muinín sa chóras airgeadais ina iomláine agus cosaint leordhóthanach do chustaiméirí na seirbhísí airgeadais a áirithiú.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 20 774 871 |
| *méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (airteagal ioncaim 6 6 2)* | 134 440 |
| An méid arna iontráil sa bhuiséad | 20 640 431 |

I dteannta na ranníocaíochta ón Aontas, áirítear in ioncaim ÚBE freisin ranníocaíochtaí ó údaráis náisiúnta phoiblí na mBallstát atá inniúil chun maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí airgeadais agus ranníocaíochtaí ó údaráis náisiúnta phoiblí CSTE, mar aon le táillí a d'fhéadfadh a bheith ann.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1).

**CAIBIDIL 03 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

***03 10 02*** *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40).

## ***03 10 03*** ***An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 13 537 447 | 13 537 447 | 13 367 877 | 13 367 877 | 12 852 232,— | 12 852 232,— |

*Barúlacha*

Ag féachaint do CFAE, agus go háirithe Airteagal 114 de, mar aon le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, déanann an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) cuid de Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais (CEMA). Is é an príomhchuspóir atá ag CEMA ná a áirithiú go ndéantar na rialacha is infheidhme maidir leis an earnáil airgeadais a chur chun feidhme go leordhóthanach chun an chobhsaíocht airgeadais a chaomhnú agus chun muinín sa chóras airgeadais ina iomláine agus cosaint leordhóthanach do chustaiméirí na seirbhísí airgeadais a áirithiú.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 13 740 130 |
| *méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (Airteagal ioncaim 6 6 2)* | 202 683 |
| An méid arna iontráil sa bhuiséad | 13 537 447 |

I dteannta na ranníocaíochta ón Aontas, áirítear in ioncaim ÚEÁPC freisin ranníocaíochtaí ó údaráis náisiúnta phoiblí na mBallstát atá inniúil chun maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí airgeadais agus ranníocaíochtaí ó údaráis náisiúnta phoiblí CSTE, mar aon le táillí a d'fhéadfadh a bheith ann.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1).

### *03 10 04 An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA)*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 20 125 832 | 20 125 832 | 18 347 080 | 18 347 080 | 16 003 264,— | 16 003 264,— |

*Barúlacha*

Ag féachaint do CFAE, agus go háirithe Airteagal 114 de, mar aon le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, déanann an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) cuid de Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais (CEMA). Is é an príomhchuspóir atá ag CEMA ná a áirithiú go ndéantar na rialacha is infheidhme maidir leis an earnáil airgeadais a chur chun feidhme go leordhóthanach chun an chobhsaíocht airgeadais a chaomhnú agus chun muinín sa chóras airgeadais ina iomláine agus cosaint leordhóthanach do chustaiméirí na seirbhísí airgeadais a áirithiú.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 20 328 887 |
| *méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (Airteagal ioncaim 6 6 2)* | 203 055 |
| An méid arna iontráil sa bhuiséad | 20 125 832 |

I dteannta na ranníocaíochta ón Aontas, áirítear in ioncaim ESMA freisin ranníocaíochtaí ó údaráis náisiúnta phoiblí na mBallstát atá inniúil chun maoirseacht a dhéanamh ar rannpháirtithe i margaí airgeadais agus ranníocaíochtaí ó údaráis náisiúnta phoiblí CSTE, mar aon le táillí.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

Rialachán (AE) 2022/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas píolótach le haghaidh bonneagair mhargaidh atá bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 909/2014 agus Treoir 2014/65/AE (IO L 151, 2.6.2022, lch. 1).

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1).

Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40).

Rialachán (AE) 2023/2859 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena mbunaítear pointe rochtana aonair Eorpach lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí agus atá ábhartha do sheirbhísí airgeadais, do mhargaí caipitil agus don inbhuanaitheacht (IO L, 2023/2859, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2859/oj).

**CAIBIDIL 03 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

## *03 10 05 An tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid (ÚFA)*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 03 10 05 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | |
| *Cúlchistí (30 02 02)* | *5 107 785* | *5 107 785* | | | |
| IOMLÁN | 5 107 785 | 5 107 785 | p.m. | p.m. | |

*Barúlacha*

Ag féachaint do CFAE, agus go háirithe Airteagal 114 de, bunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid (ÚFA) agus is iad na príomhchuspóirí atá aige sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc san Aontas, lena n-áirítear trí rannchuidiú le maoirseacht fheabhsaithe agus le comhar feabhsaithe idir Aonaid náisiúnta um Fhaisnéis Airgeadais (FIUanna) agus údaráis mhaoirseachta.

*Gníomhartha tagartha*

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna thíolacadh ag an gCoimisiún an 20 Iúil 2021, lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) 1094/2010, (AE) 1095/2010 (COM(2021) 421 final).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 03 — AN MARGADH AONAIR*

**CAIBIDIL 03 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 03 20 | TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | | | | | | | | |
| ***03 20 01*** | ***Treoirthionscadail*** | 1 | 6 260 000 | 4 286 061 | 4 700 000 | 4 469 777 | 3 156 500,— | 3 506 076,42 | 81,80 |
| ***03 20 02*** | ***Gníomhaíochtaí ullmhúcháin*** | 1 | 5 500 000 | 6 370 953 | 800 000 | 5 697 786 | 14 099 350,— | 3 870 799,89 | 60,76 |
| ***03 20 03*** | ***Gníomhaíochtaí eile*** | | | | | | | | |
| 03 20 03 01 | Nósanna imeachta chun conarthaí a dhámhachtain agus a fhógairt maidir le soláthar, oibreacha agus seirbhís phoiblí | 1 | 9 000 000 | 9 000 000 | 9 700 000 | 9 700 000 | 10 040 000,— | 8 766 158,93 | 97,40 |
| | *Airteagal 03 20 03 — Fo-iomlán* | | 9 000 000 | 9 000 000 | 9 700 000 | 9 700 000 | 10 040 000,— | 8 766 158,93 | 97,40 |
| | **Caibidil 03 20 — IOMLÁN** | | **20 760 000** | **19 657 014** | **15 200 000** | **19 867 563** | **27 295 850,—** | **16 143 035,24** | **82,12** |

## ***03 20 01 Treoirthionscadail***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 6 260 000 | 4 286 061 | 4 700 000 | 4 469 777 | 3 156 500,— | 3 506 076,42 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo cur chun feidhme treoirthionscadal a mhaoiniú, ar treoirthionscadail iad atá de chineál turgnamhach arna cheapadh chun tástáil a dhéanamh ar a indéanta agus ar a úsáidí atá gníomhaíochtaí.

Leagtar liosta na dtreoirthionscadal amach san Iarscríbhinn ‘Treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin’ a ghabhann leis an roinn seo, faoi Chaibidil PP 03.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**CAIBIDIL 03 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE**
*(Ar lean.)*

### *03 20 02 Gníomhaíochtaí ullmhúcháin*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 5 500 000 | 6 370 953 | 800 000 | 5 697 786 | 14 099 350,— | 3 870 799,89 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go maoineofar cur chun feidhme réamhbheart i réimsí feidhme CFAE agus Chonradh Euratom, arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn gníomhaíochtaí a ghlacadh sa todhchaí.

Leagtar amach an liosta réamhbheart seo in Iarscríbhinn 'Treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin' a ghabhann leis an roinn seo, faoi Chaibidil PA 03.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

### *03 20 03 Gníomhaíochtaí eile*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin airteagal seo bearta agus gníomhaíochtaí a mhaoiniú nach n-áirítear sna caibidlí roimhe seo sa teideal sin ach dá bhfuil bunghníomh glactha.

03 20 03 01 Nósanna imeachta chun conarthaí a dhámhachtain agus a fhógairt maidir le soláthar, oibreacha agus seirbhís phoiblí

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 9 000 000 | 9 000 000 | 9 700 000 | 9 700 000 | 10 040 000,— | 8 766 158,93 |

***03 20 03*** *(Ar lean.)*

03 20 03 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na costais a bhaineann leis an méid seo a leanas:

— fógraí conarthaí poiblí, a chuirtear amach ar tairiscint san Aontas agus i dtríú tíortha, a bhailiú, a phróiseáil, a fhoilsiú agus a scaipeadh ar mheáin éagsúla agus iad a chuimsiú sna seirbhísí Ríomhsholáthair a chuireann na hinstitiúidí ar fáil do ghnólachtaí agus d'údaráis chonarthacha; áirítear leis sin an costas chun fógraí na gconarthaí poiblí arna bhfoilsiú ag institiúidí an Aontais Eorpaigh a aistriú,

— cur chun cinn úsáid teicnící nua chun fógraí conarthaí poiblí a bhailiú agus a scaipeadh ar mhodhanna leictreonacha.

*Bunús dlí*

Rialachán (CEE) Uimh. 2137/85 ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir leis an nGrúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch (EEIG) (IO L 199, 31.7.1985, lch. 1).

Cinneadh 94/1/CE, CEGC ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 13 Nollaig 1993 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch idir na Comhphobail Eorpacha, a mBallstáit agus Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne, Poblacht na hÍoslainne, Prionsacht Lichtinstéin, Ríocht na hIorua, Ríocht na Sualainne agus Cónaidhm na hEilvéise (IO L 1, 3.1.1994, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 2157/2001 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2001 i dtaca leis an Reacht um Chuideachta Eorpach (SE) (IO L 294, 10.11.2001, lch. 1).

Cinneadh 2002/309/CE, Euratom ón gComhairle agus ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an gComhaontú maidir le Comhar Eolaíoch agus sa Teicneolaíoch, an 4 Aibreán 2002 maidir le tabhairt i gcrích seacht gComhaontú le Cónaidhm na hEilvéise (IO L 114, 30.4.2002, lch. 1), go háirithe maidir leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le Gnéithe Áirithe den Soláthar Rialtais.

Rialachán (CE) Uimh. 1435/2003 ón gComhairle an 22 Iúil 2003 i dtaca leis an Reacht maidir le Comharchumann Eorpach (SCE) (IO L 207, 18.8.2003, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1191/69 agus Rialachán (CEE) Uimh. 1107/70 ón gComhairle (IO L 315, 3.12.2007, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31.10.2008, lch. 3).

Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76).

Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

**CAIBIDIL 03 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***03 20 03*** *(Ar lean.)*

03 20 03 01 *(Ar lean.)*

Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 ar sholáthar trí aonáin a oibríonn sna hearnálacha uisce, fuinnimh, iompair agus poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1986 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2015 lena mbunaítear foirmeacha caighdeánacha maidir le foilsiú fógraí i réimse an tsoláthair phoiblí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 842/2011 (IO L 296, 12.11.2015, lch. 1).

Cinneadh (AE) 2016/245 ón mBanc Ceannais Eorpach an 9 Feabhra 2016 lena leagtar síos na rialacha maidir le soláthar poiblí (ECB/2016/2) (IO L 45, 20.2.2016, lch. 15).

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/323 (IO L 307, 3.12.2018, lch. 1).

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1780 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2019 lena mbunaítear foirmeacha caighdeánacha maidir le foilsiú fógraí i réimse an tsoláthair phoiblí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1986 ('eForms') (IO L 272, 25.10.2019, lch. 7).

COIMISIÚN

*TEIDEAL 04*

**AN SPÁS**

# TEIDEAL 04

# AN SPÁS

### Achoimre ghinearálta ar leithreasuithe (2024 agus 2023) agus ar an olltoradh (2022)

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 04 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'SPÁS' | 7 800 000 | 7 800 000 | 6 950 000 | 6 950 000 | 6 699 000,— | 6 699 000,— |
| | *Cúlchistí (30 01 01)* | | | *250 000* | *250 000* | | |
| | | 7 800 000 | 7 800 000 | 7 200 000 | 7 200 000 | 6 699 000,— | 6 699 000,— |
| 04 02 | CLÁR SPÁIS AN AONTAIS | 2 080 670 000 | 2 175 000 000 | 2 038 151 000 | 2 083 710 000 | 2 001 538 000,— | 1 945 982 174,81 |
| 04 03 | CLÁR AN AONTAIS UM NASCACHT SHLÁN | 117 150 000 | 190 000 000 | 50 000 000 | p.m. | | |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | | | *106 050 000* | *98 300 000* | | |
| | | 117 150 000 | 190 000 000 | 156 050 000 | 98 300 000 | | |
| 04 10 | GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE | 78 463 345 | 78 463 345 | 72 812 237 | 72 812 237 | 68 300 905,— | 63 660 905,— |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | | | *1 950 000* | *1 950 000* | | |
| | | 78 463 345 | 78 463 345 | 74 762 237 | 74 762 237 | 68 300 905,— | 63 660 905,— |
| 04 20 | TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | 16 990 000 | 4 247 500 | | | | |
| | **Teideal 04 — IOMLÁN** | **2 301 073 345** | **2 455 510 845** | **2 167 913 237** | **2 163 472 237** | **2 076 537 905,—** | **2 016 342 079,81** |
| | ***Cúlchistí (30 01 01, 30 02 02)*** | | | ***108 250 000*** | ***100 500 000*** | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | **2 301 073 345** | **2 455 510 845** | **2 276 163 237** | **2 263 972 237** | **2 076 537 905,—** | **2 016 342 079,81** |

# TEIDEAL 04

# AN SPÁS

## CAIBIDIL 04 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'SPÁS'

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 04 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'SPÁS' | | | | | |
| ***04 01 01*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár Spáis an Aontais*** | 1 | 7 600 000 | 6 950 000 | 6 699 000,— | 88,14 |
| ***04 01 02*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár an Aontais um Nascacht Shlán*** | 1 | 200 000 | p.m. | | |
| | *Cúlchistí (30 01 01)* | | | *250 000* | | |
| | | | 200 000 | 250 000 | | |
| | **Caibidil 04 01 — IOMLÁN** | | **7 800 000** | **6 950 000** | **6 699 000,—** | **85,88** |
| | ***Cúlchistí (30 01 01)*** | | | ***250 000*** | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | | **7 800 000** | **7 200 000** | **6 699 000,—** | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas de chineál riaracháin (amhail staidéir, cruinnithe saineolaithe agus faisnéis agus foilseacháin) atá nasctha go díreach le cuspóirí na gclár nó na mbeart a thagann faoin mbraisle seo a bhaint amach, agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

### ***04 01 01*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár Spáis an Aontais***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 7 600 000 | 6 950 000 | 6 699 000,— |

**CAIBIDIL 04 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'SPÁS'** *(Ar lean.)*

**04 01 01** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc ag leibhéal na caibidle seo, tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí a bhaineann le Fóram na nÚsáideoirí a cruthaíodh le hAirteagal 107 de Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-EEA | 269 040 | 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 04 02.

**04 01 02** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár an Aontais um Nascacht Shlán***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| 04 01 02 | 200 000 | p.m. | |
| *Cúlchistí (30 01 01)* | | *250 000* | |
| IOMLÁN | 200 000 | 250 000 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin amhail staidéir, cruinnithe saineolaithe agus faisnéis agus foilseacháin le haghaidh chur chun feidhme Chlár an Aontais um Nascacht Shlán.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 04 03.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 04 — AN SPÁS*

**CAIBIDIL 04 02 — CLÁR SPÁIS AN AONTAIS**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 04 02 | CLÁR SPÁIS AN AONTAIS | | | | | | | | |
| **04 02 01** | ***Galileo/EGNOS*** | 1 | 1 265 670 000 | 1 170 000 000 | 1 247 851 000 | 1 094 000 000 | 1 272 322 900,— | 980 164 999,— | 83,77 |
| **04 02 02** | ***Copernicus*** | 1 | 775 000 000 | 875 000 000 | 750 000 000 | 710 000 000 | 700 000 000,— | 622 438 309,57 | 71,14 |
| **04 02 03** | ***GOVSATCOM/SSA*** | 1 | 40 000 000 | 55 000 000 | 40 300 000 | 59 070 000 | 29 215 100,— | 10 000 036,25 | 18,18 |
| **04 02 99** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 04 02 99 01 | Clár roimhe seo a chur i gcrích i réimse na loingseoireachta satailíte (roimh 2021) | 1 | p.m. | 58 000 000 | p.m. | 157 000 000 | 0,— | 126 298 955,66 | 217,76 |
| 04 02 99 02 | An clár Copernicus a thabhairt i gcrích (2014 go 2020) | 1 | p.m. | 17 000 000 | p.m. | 63 640 000 | 0,— | 207 079 874,33 | 1 218,12 |
| | *Airteagal 04 02 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 75 000 000 | p.m. | 220 640 000 | 0,— | 333 378 829,99 | 444,51 |
| | **Caibidil 04 02 — IOMLÁN** | | **2 080 670 000** | **2 175 000 000** | **2 038 151 000** | **2 083 710 000** | **2 001 538 000,—** | **1 945 982 174,81** | **89,47** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar leanúnachas imscaradh agus oibriú na seirbhísí a chuireann Galileo, EGNOS agus Copernicus ar fáil, agus glúnta nua de na seirbhísí sin a ullmhú. Tá sé beartaithe leo freisin go ndéanfar seirbhísí Faireachais agus Rianaithe Spáis (SST) a fheabhsú agus clár cumarsáide satailíte rialtais 'Govsatcom' a bhunú.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

**CAIBIDIL 04 02 — CLÁR SPÁIS AN AONTAIS** *(Ar lean.)*

### *04 02 01 Galileo/EGNOS*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 1 265 670 000 | 1 170 000 000 | 1 247 851 000 | 1 094 000 000 | 1 272 322 900,— | 980 164 999,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— cur i gcrích chéim imscartha chomhpháirteanna an Chórais Dhomhanda um Loingseoireacht Satailíte (GNSS), lena gcuimsítear tógáil, bunú, cosaint an bhonneagair spáis agus talún,

— céim saothair chomhpháirteanna GNSS, lena gcuimsítear bainistíocht, cothabháil, feabhas leanúnach, éabhlóidiú agus cosaint an bhonneagair talún agus spáis, forbairt glúnta todhchaíocha an chórais agus éabhlóid seirbhísí arna soláthar ag an gcóras, teastasú agus caighdeánú oibríochtaí, soláthar agus margaíocht na seirbhísí arna soláthar ag an gcóras agus gach gníomhaíocht eile is gá chun a áirithiú go reáchtáiltear an clár go réidh.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-EEA | 42 911 479 | 6 6 0 0 |

### *04 02 02 Copernicus*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 775 000 000 | 875 000 000 | 750 000 000 | 710 000 000 | 700 000 000,— | 622 438 309,57 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar oibríochtaí sheirbhísí Copernicus, oiriúnaithe do riachtanais úsáideoirí, ag cur lena áirithiú go mbíonn rochtain ar shonraí an bhonneagair breathnóireachta is gá chun seirbhísí Copernicus a oibriú agus deiseanna a chruthú d'úsáid mhéadaithe foinsí faisnéise san earnáil phríobháideach, dá bhrí sin ag éascú nuálaíocht ag soláthraithe seirbhíse breisluacha.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go gcumhdófar na gníomhaíochtaí forbartha atá fágtha ag Fairtheoirí reatha chomh maith le tosú ar fhorbairt na misean nua.

Leis an leithreasú seo, féadfar gníomhaíochtaí trasghearrtha a chistiú freisin i measc na seirbhísí nó a léiriú agus a gcomhordú, chomh maith leis an gcomhordú in-situ, glacadh úsáideoirí agus oiliúint agus cumarsáid.

**CAIBIDIL 04 02 — CLÁR SPÁIS AN AONTAIS** *(Ar lean.)*

***04 02 02*** *(Ar lean.)*

Thairis sin, mar thacaíocht d'iomaíochas agus fás, leis an leithreasú sin, féadfar scaipeadh sonraí agus goradh gnólachtaí nua a chistiú freisin trí thacú le struchtúir TF níos láidre agus níos nuálaí san Eoraip.

Le seirbhísí Copernicus, éascófar rochtain ar phríomhshonraí is gá i bhfoirmliú beartais ar leibhéal an Aontais, an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil i réimsí amhail talmhaíocht, faireachán foraoise, bainistiú uisce, iompar, pleanáil uirbeach, athrú aeráide agus go leor eile. Cumhdaítear leis an leithreasú seo, den chuid is mó, cur chun feidhme na gcomhaontuithe tarmligin do chlár Copernicus, de bhun Airteagal 58 den Rialachán Airgeadais.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-EEA | 27 435 000 | 6 6 0 0 |

***04 02 03*** ***GOVSATCOM/SSA***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 40 000 000 | 55 000 000 | 40 300 000 | 59 070 000 | 29 215 100,— | 10 000 036,25 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gach gníomhaíocht a bhaineann le bunú Govsatcom agus Feasacht Staide an Spáis (SSA) (lena gcumhdaítear comhpháirteanna Córas Faireachais agus Rianaithe Spáis (SST), aimsir spáis agus réada i ngar don Chruinne (NEO) de Chlár Spáis an Aontais).

Faoi chomhpháirt Govsatcom, cumascfar acmhainneachtaí agus seirbhísí cumarsáide satailítí i gcomhthiomsú coiteann acmhainneachtaí agus seirbhísí cumarsáide satailíte de chuid an Aontais, agus ceanglais iomchuí slándála ag gabháil leo. Sa chomhpháirt sin beidh:

(a) forbairt, tógáil agus oibríochtaí bhonneagar na coda den talamh;

(b) soláthar na n-acmhainneachtaí, na seirbhísí agus an trealaimh úsáideoirí, idir rialtais agus tráchtála, i réimse na cumarsáide satailíte, atá riachtanach chun seirbhísí Govsatcom a sholáthar;

(c) na bearta is gá chun cur le hidir-inoibritheacht agus caighdeánú threalamh úsáideoirí Govsatcom.

Faoin gcomhpháirt SSA, córas faireachais agus rianaithe spáis a bhfuil sé mar aidhm aige sonraí, faisnéis agus seirbhísí a bhaineann le faireachas agus rianú réad spáis atá ar fithis na Cruinne (fo-chomhpháirt 'SST') a fheabhsú, a oibriú agus a sholáthar, déanfar é a chomhlánú le paraiméadair faire a bhaineann le teagmhais aimsire spáis (fo-chomhpháirt 'SWE') agus faireachán ar rioscaí a bhaineann le réada i ngar don Chruinne atá ag teacht i dtreo na Cruinne ('fo-chomhpháirt NEO').

***04 02 03*** *(Ar lean.)*

Le feidhm SST, tacófar leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) bunú, forbairt agus oibriú líonra braiteoirí SST talamhbhunaithe agus spásbhunaithe de chuid na mBallstát, lena n-áirítear braiteoirí arna bhforbairt tríd an nGníomhaireacht Eorpach Spáis agus braiteoirí de chuid an Aontais arna n-oibriú go náisiúnta, chun suirbhéireacht agus rianú a dhéanamh ar réada agus chun catalóg Eorpach de réada spáis a tháirgeadh;

(b) próiseáil agus anailísiú sonraí SST ar an leibhéal náisiúnta chun faisnéis SST agus seirbhísí SST dá dtagraítear in Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2021/696 a tháirgeadh;

(c) soláthar seirbhísí SST dá dtagraítear in Airteagal 55 d'úsáideoirí SST dá dtagraítear in Airteagal 56 de Rialachán (AE) 2021/696;

(d) faireachán ar thionscnaimh agus sineirgí a lorg leo, ar tionscnaimh iad lena ndéantar forbairt agus cur chun feidhme teicneolaíochtaí chun spásárthaí a dhiúscairt ag deireadh na saolré oibríochtúla a chur chun cinn, forbairt agus cur chun feidhme córas teicneolaíoch a chur chun cinn chun smionagar spáis a chosc agus a dhíothú mar aon le faireachán ar thionscnaimh idirnáisiúnta i réimse na bainistíocht spástráchta;

(e) tacaíocht theicniúil agus riaracháin chun an t-aistriú idir Clár Spáis an Aontais agus creat tacaíochta SST a áirithiú, a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 541/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear Creat Tacaíochta maidir le Faireachas agus le Rianú Spáis (IO L 158, 27.5.2014, lch. 227).

Leis an bhfeidhm aimsire spáis, féadfar tacú leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) measúnú a dhéanamh ar riachtanais na n-úsáideoirí in earnálacha an iompair, na GNSSanna, na n-eangach cumhachta leictrí agus cumarsáide agus iad a shainaithint agus é mar aidhm aige sin seirbhísí aimsire spáis atá le soláthar a leagan amach;

(b) soláthar seirbhísí aimsire spáis d'úsáideoirí na haimsire spáis, de réir riachtanais agus riachtanais theicniúla na n-úsáideoirí sainaitheanta.

Le feidhm NEO, féadfar tacú leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) mapáil na n-acmhainneachtaí atá ag na Ballstáit chun réada i ngar don Chruinne a bhrath agus faireachán a dhéanamh orthu;

(b) an líonrú idir saoráidí agus ionaid taighde na mBallstát a chur chun cinn;

(c) an tseirbhís dá dtagraítear sa mhír ina dhiaidh sin a fhorbairt;

(d) gnáthsheirbhís mhearfhreagartha a fhorbairt atá in ann réada i ngar don Chruinne nua-aimsithe a thréithriú;

(e) catalóg Eorpach de réada i ngar don Chruinne a chruthú.

Féadfaidh an Coimisiún nósanna imeachta a chur ar bun chun comhordú a dhéanamh, agus comhlachtaí iomchuí na Náisiún Aontaithe rannpháirteach sa chomhordú sin, ar ghníomhaíochtaí an Aontais agus na n-údarás poiblí náisiúnta a bhaineann le cosaint shibhialta i gcás ina n-aimseofar go bhfuil réad i ngar don Chruinne ag teacht i ngiorracht don Chruinne.

**CAIBIDIL 04 02 — CLÁR SPÁIS AN AONTAIS** *(Ar lean.)*

### 04 02 99 *Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin airteagal seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

04 02 99 01 Clár roimhe seo a chur i gcrích i réimse na loingseoireachta satailíte (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 58 000 000 | p.m. | 157 000 000 | 0,— | 126 298 955,66 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis na cláir Eorpacha um loingseoireacht satailíte (EGNOS agus Galileo) a chur chun feidhme tuilleadh (IO L 196, 24.7.2008, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 1285/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le cur chun feidhme agus saothrú córas Eorpach um loingseoireacht satailíte agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 876/2002 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 1).

04 02 99 02 An clár Copernicus a thabhairt i gcrích (2014 go 2020)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 17 000 000 | p.m. | 63 640 000 | 0,— | 207 079 874,33 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 377/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 lena mbunaítear an clár Copernicus agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 911/2010 (IO L 122, 24.4.2014, lch. 44).

**CAIBIDIL 04 03 — CLÁR AN AONTAIS UM NASCACHT SHLÁN**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 04 03 | CLÁR AN AONTAIS UM NASCACHT SHLÁN | | | | | | | |
| **04 03 01** | ***Clár an Aontais um Nascacht Shlán — Ranníocaíocht ó Cheannteideal 1*** | 1 | 117 150 000 | 190 000 000 | 50 000 000 | p.m. | | |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | | | | *106 050 000* | *98 300 000* | | |
| | | | 117 150 000 | 190 000 000 | 156 050 000 | 98 300 000 | | |
| | **Caibidil 04 03 — IOMLÁN** | | **117 150 000** | **190 000 000** | **50 000 000** | **p.m.** | | |
| | ***Cúlchistí (30 02 02)*** | | | | ***106 050 000*** | ***98 300 000*** | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | | **117 150 000** | **190 000 000** | **156 050 000** | **98 300 000** | | |

*Barúlacha*

Is é cuspóir ginearálta Chlár an Aontais um Nascacht Shlán rochtain dhomhanda ar sheirbhísí slána cumarsáide satailíte rialtais a áirithiú le haghaidh cosaint bonneagar criticiúil, faireachais, gníomhaíochtaí seachtracha agus bainistiú géarchéime. Is é is cuspóir dó freisin deis a thabhairt don earnáil phríobháideach seirbhísí tráchtála a sholáthar chun infhaighteacht leathanbhanda ardluais agus nascacht gan uaim a chumasú ar fud na hEorpa, lena gcuirtear deireadh le limistéir mharbha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 (IO L 79, 17.3.2023, lch. 1).

**04 03 01** ***Clár an Aontais um Nascacht Shlán — Ranníocaíocht ó Cheannteideal 1***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 04 03 01 | 117 150 000 | 190 000 000 | 50 000 000 | p.m. | |
| *Cúlchistí (30 02 02)* | | | *106 050 000* | *98 300 000* | |
| IOMLÁN | 117 150 000 | 190 000 000 | 156 050 000 | 98 300 000 | |

**CAIBIDIL 04 03 — CLÁR AN AONTAIS UM NASCACHT SHLÁN** *(Ar lean.)*

***04 03 01*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Is é cuspóir ginearálta Chlár an Aontais um Nascacht Shlán córas nascachta spásbhunaithe a bhunú atá slán agus uathrialaitheach chun seirbhísí cumarsáide satailíte ráthaithe agus athléimneacha a sholáthar.

Féadfaidh an Clár ranníocaíochtaí airgeadais breise nó ranníocaíochtaí comhchineáil a fháil ó na foinsí seo a leanas: (a) Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid an Aontais; (b) na Ballstáit; (c) tríú tíortha atá rannpháirteach sa Chlár; (d) an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis nó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile i gcomhréir le comhaontuithe ábhartha.

## CAIBIDIL 04 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 04 10 | GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE | | | | | | | | |
| ***04 10 01*** | ***Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis*** | 1 | 78 463 345 | 78 463 345 | 72 812 237 | 72 812 237 | 68 300 905,— | 63 660 905,— | 81,13 |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | | | | *1 950 000* | *1 950 000* | | | |
| | | | 78 463 345 | 78 463 345 | 74 762 237 | 74 762 237 | 68 300 905,— | 63 660 905,— | |
| | **Caibidil 04 10 — IOMLÁN** | | **78 463 345** | **78 463 345** | **72 812 237** | **72 812 237** | **68 300 905,—** | **63 660 905,—** | **81,13** |
| | ***Cúlchistí (30 02 02)*** | | | | ***1 950 000*** | ***1 950 000*** | | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | | **78 463 345** | **78 463 345** | **74 762 237** | **74 762 237** | **68 300 905,—** | **63 660 905,—** | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas riaracháin agus foirne na ngníomhaireachtaí díláraithe (Teideal 1 agus Teideal 2) agus, i gcás inarb infheidhme, caiteachas oibríochtúil a bhaineann leis an gclár oibre (Teideal 3).

Leagtar pleananna bunaíochta na ngníomhaireachtaí amach san Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

Ní mór do na gníomhaireachtaí Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi aistrithe leithreasuithe idir caiteachas oibríochtúil agus riaracháin.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir leis na ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, tíortha is iarrthóirí ionchasacha sna Balcáin Thiar, nó tríú tíortha eile) do rannpháirtíocht i gcláir an Aontais, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha mar aon lena gcur chun feidhme faoin gcaibidil seo as méideanna a aisíocadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1) agus as aon ioncam sannta eile a iontráiltear sa ráiteas ioncaim.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 04 — AN SPÁS*

**CAIBIDIL 04 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

### *04 10 01 Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 04 10 01 | 78 463 345 | 78 463 345 | 72 812 237 | 72 812 237 | 68 300 905,— | 63 660 905,— |
| *Cúlchistí (30 02 02)* | | | *1 950 000* | *1 950 000* | | |
| IOMLÁN | 78 463 345 | 78 463 345 | 74 762 237 | 74 762 237 | 68 300 905,— | 63 660 905,— |

*Barúlacha*

Áirítear in ioncam na Gníomhaireachta fóirdheontas ón Aontas a iontráiltear i mbuiséad ginearálta an Aontais chun a áirithiú go mbeidh cothromaíocht ann idir ioncam agus caiteachas.

Le caiteachas na Gníomhaireachta, cumhdófar caiteachas ar fhoireann, ar riarachán agus ar bhonneagar, costais oibriúcháin agus caiteachas a bhaineann le feidhmiú an Bhoird um Chreidiúnú Slándála, lena n-áirítear a fho-chomhlachtaí, agus a bhaineann leis na conarthaí agus na comhaontuithe a thugann an Ghníomhaireacht chun na cúraimí a cuireadh ar iontaoibh uirthi a chomhlíonadh.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 78 620 165 |
| *méid de sin a thagann ó aisghabháil barrachais (Airteagal ioncaim 6 6 2)* | 156 820 |
| Méid arna iontráil sa bhuiséad | 78 463 345 |

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-EEA | 2 777 602 | 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170,12.5.2021, lch. 69).

Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 (IO L 79, 17.3.2023, lch. 1).

**CAIBIDIL 04 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | | | |
| 04 20 | TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | | | | | | |
| ***04 20 01*** | ***Treoirthionscadail*** | 1 | 6 990 000 | 1 747 500 | | | |
| ***04 20 02*** | ***Gníomhaíochtaí ullmhúcháin*** | 1 | 10 000 000 | 2 500 000 | | | |
| | **Caibidil 04 20 — IOMLÁN** | | **16 990 000** | **4 247 500** | | | |

*Barúlacha*

*Caibidil Nua*

### ***04 20 01 Treoirthionscadail***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 6 990 000 | 1 747 500 | | |

*Barúlacha*

*Airteagal Nua*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go maoineofar cur chun feidhme treoirthionscadal, ar treoirthionscadail iad de chineál turgnamhach arna gceapadh chun tástáil a dhéanamh ar a indéanta agus a úsáidí atá gníomhaíochtaí.

Leagtar liosta na dtreoirthionscadal amach in Iarscríbhinn ‘Treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin’ a ghabhann leis an roinn seo, faoi Chaibidil PP 04.

*Gníomhartha tagartha*

Airteagal 58(2), pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 04 — AN SPÁS*

**CAIBIDIL 04 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE**
*(Ar lean.)*

### *04 20 02 Gníomhaíochtaí ullmhúcháin*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 10 000 000 | 2 500 000 | | |

*Barúlacha*

*Airteagal Nua*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go maoineofar cur chun feidhme gníomhaíochtaí ullmhúcháin i raon feidhme CFAE agus Chonradh Euratom, arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn gníomhaíochtaí a ghlacadh amach anseo.

Leagtar liosta na ngníomhaíochtaí ullmhúcháin amach in Iarscríbhinn 'Treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin' a ghabhann leis an roinn seo, faoi chaibidil PA 04.

*Gníomhartha tagartha*

Airteagal 58(2), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

*TEIDEAL 05*

## FORBAIRT AGUS COMHTHÁTHÚ RÉIGIÚNACH

# TEIDEAL 05

# FORBAIRT AGUS COMHTHÁTHÚ RÉIGIÚNACH

### Achoimre ghinearálta ar leithreasuithe (2024 agus 2023) agus ar an olltoradh (2022)

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 05 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE ‘FORBAIRT AGUS COMHTHÁTHÚ RÉIGIÚNACH’ | 15 185 879 | 15 185 879 | 14 910 318 | 14 910 318 | 14 234 445,48 | 14 234 445,48 |
| 05 02 | CISTE FORBRAÍOCHTA RÉIGIÚNAÍ NA HEORPA (CFRE) | 39 429 319 555 | 13 074 258 851 | 38 387 742 464 | 26 228 514 767 | 36 551 474 373,— | 32 171 477 738,19 |
| 05 03 | AN CISTE COMHTHÁTHAITHE (CC) | 8 439 897 809 | 4 207 913 294 | 7 747 708 192 | 10 524 512 549 | 7 706 417 427,— | 11 330 595 321,63 |
| 05 04 | TACAÍOCHT DO PHOBAL TURCACH NA CIPIRE | 32 316 101 | 30 000 000 | 31 739 535 | 35 000 000 | 32 402 525,— | 40 600 000,— |
| 05 20 | TREOIRTHIONSCA-DAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | p.m. | 4 660 000 | 3 500 000 | 5 110 000 | 2 681 000,— | 2 040 025,21 |
| | **Teideal 05 — IOMLÁN** | **47 916 719 344** | **17 332 018 024** | **46 185 600 509** | **36 808 047 634** | **44 307 209 770,48** | **43 558 947 530,51** |

# TEIDEAL 05

# FORBAIRT AGUS COMHTHÁTHÚ RÉIGIÚNACH

**CAIBIDIL 05 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE ‘FORBAIRT AGUS COMHTHÁTHÚ RÉIGIÚNACH’**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 05 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE ‘FORBAIRT AGUS COMHTHÁTHÚ RÉIGIÚNACH’ | | | | | |
| ***05 01 01*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)*** | | | | | |
| 05 01 01 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa | 2.1 | 3 816 600 | 3 633 000 | 3 538 034,61 | 92,70 |
| 05 01 01 76 | Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide — Ranníocaíocht ó infheistíochtaí nuálaíochta idir-réigiúnacha | 2.1 | 1 330 000 | 1 197 763 | 921 455,47 | 69,28 |
| | *Airteagal 05 01 01 — Fo-iomlán* | | 5 146 600 | 4 830 763 | 4 459 490,08 | 86,65 |
| ***05 01 02*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste Comhtháthaithe*** | | | | | |
| 05 01 02 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste Comhtháthaithe | 2.1 | 1 657 400 | 1 577 000 | 1 472 600,— | 88,85 |
| 05 01 02 74 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol — Ranníocaíocht ón gCiste Comhtháthaithe | 2.1 | 6 412 000 | 6 629 080 | 6 457 000,— | 100,70 |
| | *Airteagal 05 01 02 — Fo-iomlán* | | 8 069 400 | 8 206 080 | 7 929 600,— | 98,27 |
| ***05 01 03*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh tacaíochta do Phobal Turcach na Cipire*** | 2.2 | 1 969 879 | 1 873 475 | 1 845 355,40 | 93,68 |
| | **Caibidil 05 01 — IOMLÁN** | | **15 185 879** | **14 910 318** | **14 234 445,48** | **93,73** |

**CAIBIDIL 05 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'FORBAIRT AGUS COMHTHÁTHÚ RÉIGIÚNACH'** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas de chineál riaracháin (amhail staidéir, cruinnithe saineolaithe agus faisnéis agus foilseacháin) atá nasctha go díreach le cuspóirí na gclár nó na mbeart a thagann faoin mbraisle seo a bhaint amach, agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, tíortha is iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

### *05 01 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)*

05 01 01 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 816 600 | 3 633 000 | 3 538 034,61 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an cúnamh teicniúil arna chistiú ag CFRE dá bhforáiltear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2021/1060.

Féadfar é a úsáid chun na nithe seo a leanas a chumhdach go háirithe:

— caiteachas tacaíochta (costais ionadaíochta, oiliúint, cruinnithe, misin agus aistriúcháin),

— caiteachas ar fhoireann sheachtrach ag ceanncheathrú (foireann ar conradh, saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó foireann na gníomhaireachta), lena n-áirítear misean a bhaineann leis an bpearsanra seachtrach a mhaoinítear ón leithreasú sin.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Fáltais ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh | 1 900 000 | 5 0 4 0 |

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 05 02

05 01 01 76 Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide — Ranníocaíocht ó infheistíochtaí nuálaíochta idir-réigiúnacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 330 000 | 1 197 763 | 921 455,47 |

*Barúlacha*

Cuimsítear leis an leithreasú seo an ranníocaíocht chun go gcumhdófar caiteachas riaracháin ar fhoireann agus caiteachas oibríochtúil arna dhéanamh ag Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide de thoradh a rannpháirtíochta i mbainistíocht na hinfheistíochta nuálaíochta idir-réigiúnaí.

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh (IO L 231, 30.6.2021, lch. 94).

Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2021) 949 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide d'fhonn na cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse na hEorpa Nuálaí, an Mhargaidh Aonair agus na nInfheistíochtaí Nuálaíochta Idir-Réigiúnacha lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 05 — FORBAIRT AGUS COMHTHÁTHÚ RÉIGIÚNACH*

**CAIBIDIL 05 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'FORBAIRT AGUS COMHTHÁTHÚ RÉIGIÚNACH'** *(Ar lean.)*

***05 01 02 Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste Comhtháthaithe***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin airteagal seo go gcumhdófar an cúnamh teicniúil arna chistiú ag CC dá bhforáiltear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2021/1060.

Féadfar iad a úsáid chun na nithe seo a leanas a chumhdach go háirithe:

— caiteachas tacaíochta (costais ionadaíochta, oiliúint, cruinnithe, misin agus aistriúcháin),

— caiteachas ar fhoireann sheachtrach ag ceanncheathrú (foireann ar conradh, saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó foireann na gníomhaireachta), lena n-áirítear misean a bhaineann leis an bpearsanra seachtrach a mhaoinítear ón leithreasú seo.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 05 03.

05 01 02 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste Comhtháthaithe

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 657 400 | 1 577 000 | 1 472 600,— |

05 01 02 74 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol — Ranníocaíocht ón gCiste Comhtháthaithe

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 6 412 000 | 6 629 080 | 6 457 000,— |

*Barúlacha*

Cuimsítear leis an leithreasú seo an ranníocaíocht chun go gcumhdófar caiteachas riaracháin ar fhoireann agus caiteachas oibríochtúil arna dhéanamh ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) de thoradh a rannpháirtíochta i mbainistíocht imchlúdach Chiste Comhtháthaithe na Saoráide um Chónascadh na hEorpa agus de thoradh chríochnú na gclár a bhí ann roimhe.

Leagtar plean bunaíochta na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin amach in Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

***05 01 02*** *(Ar lean.)*

05 01 02 74 *(Ar lean.)*

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Féach Caibidil 05 03.

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2021) 947 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol d'fhonn na cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse an iompair agus an bhonneagair fuinnimh; taighde agus nuálaíocht um aeráid, fuinneamh agus soghluaisteacht; an comhshaol, an dúlra agus an bhithéagsúlacht; aistriú chuig teicneolaíochtaí ísealcharbóin; agus muirí agus iascaigh; lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus na leithreasuithe sin a eascraíonn as ioncam sannta seachtrach.

***05 01 03*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh tacaíochta do Phobal Turcach na Cipire***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 969 879 | 1 873 475 | 1 845 355,40 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar bearta cúnaimh theicniúil le tacú le forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire, go háirithe na nithe seo a leanas:

— caiteachas atá nasctha le hullmhú, measúnú, faomhadh, bearta leantacha, rialú, iniúchadh agus meastóireacht ar chláir bhliantúla agus/nó oibríochtaí agus tionscadail aonair faoi Rialachán (CE) Uimh. 389/2006. D'fhéadfaí a áireamh sna gníomhaíochtaí seo conarthaí cúnaimh theicniúil, staidéir, saineolas gearrthéarmach, cruinnithe, malartú eispéiris, líonrú, imeachtaí chun faisnéis agus poiblíocht agus feasacht a chruthú, lena n-áirítear forbairt straitéisí cumarsáide agus cumarsáid chorparáideach ar thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, gníomhaíochtaí oiliúna agus foilseacháin atá nasctha go díreach le baint amach chuspóir an chláir agus aon bhearta tacaíochta eile arna ndéanamh ag an gCoimisiún,

— caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse ad hoc ar mhaithe le Pobal Turcach na Cipire agus leis an gCoimisiún,

**CAIBIDIL 05 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'FORBAIRT AGUS COMHTHÁTHÚ RÉIGIÚNACH'** *(Ar lean.)*

***05 01 03*** *(Ar lean.)*

— córais ríomhairithe don bhainistiú, don iniúchadh agus don mheastóireacht, a shuiteáil, a oibriú agus a idirnascadh,

— feabhsuithe sna modhanna measúnachta agus sa mhalartú faisnéise maidir le cleachtais sa réimse seo,

— gníomhaíochtaí taighde ar shaincheisteanna ábhartha agus scaipeadh na a dtorthaí,

— caiteachas ar phearsanra seachtrach ag ceanncheathrú, chomh maith le hOifig Tacaíochta Cláir an Aontais (EUPSO) sa Niocóis (foireann ar conradh, saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó foireann na gníomhaireachta), lena n-áirítear misin a bhaineann leis an bpearsanra seachtrach a mhaoinítear ón leithreasú seo.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go dtacófar le foghlaim riaracháin agus comhar le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhpháirtithe sóisialta.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 05 04.

**CAIBIDIL 05 02 — CISTE FORBRAÍOCHTA RÉIGIÚNAÍ NA HEORPA (CFRE)**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 05 02 | CISTE FORBRAÍOCHTA RÉIGIÚNAÍ NA HEORPA (CFRE) | | | | | | | | |
| **05 02 01** | ***CFRE — Caiteachas oibríochtúil*** | 2.1 | 39 092 746 401 | 5 162 042 041 | 38 086 018 122 | 2 736 386 073 | 36 128 385 283,— | 3 455 034 849,84 | 66,93 |
| **05 02 02** | ***CFRE — Cúnamh teicniúil oibríochtúil*** | 2.1 | 107 557 191 | 74 002 500 | 104 166 916 | 64 350 000 | 98 622 412,— | 53 106 618,61 | 71,76 |
| **05 02 03** | ***Tionscnamh Uirbeach Eorpach*** | 2.1 | 64 352 138 | 93 930 031 | 63 090 331 | 44 163 232 | 61 853 266,— | 36 748 116,90 | 39,12 |
| **05 02 04** | ***An Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) — Ranníocaíocht ó CFRE*** | 2.1 | 76 694 280 | p.m. | 75 214 080 | p.m. | 73 418 898,— | 0,— | |
| **05 02 05** | ***CFRE — Maoiniú faoi REACT-EU*** | | | | | | | | |
| 05 02 05 01 | CFRE — Caiteachas oibríochtúil — Maoiniú faoi REACT-EU | 2.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 05 02 05 02 | CFRE – Cúnamh teicniúil oibríochtúil – Maoiniú faoi REACT-EU | 2.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 05 02 05 03 | Comhar Críochach Eorpach – Caiteachas oibríochtúil – Maoiniú faoi REACT-EU | 2.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| | *Airteagal 05 02 05 — Fo-iomlán* | | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| **05 02 06** | ***Ciste InvestEU — Ranníocaíocht ó CFRE*** | 2.1 | 16 007 427 | 36 007 427 | p.m. | p.m. | 131 355 545,— | 31 355 545,— | 87,08 |
| **05 02 07** | ***An Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (BMVI) — Ranníocaíocht ó CFRE*** | 2.1 | 60 418 368 | 29 419 531 | 59 253 015 | 17 177 518 | 57 838 969,— | 24 048 524,85 | 81,74 |
| **05 02 08** | ***An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) — Ranníocaíocht ó CFRE*** | 2.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 05 — FORBAIRT AGUS COMHTHÁTHÚ RÉIGIÚNACH*

**CAIBIDIL 05 02 — CISTE FORBRAÍOCHTA RÉIGIÚNAÍ NA HEORPA (CFRE)** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| ***05 02 09*** | ***Fís Eorpach — Ranníocaíocht ó CFRE*** | 2.1 | 11 543 750 | 378 000 | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| ***05 02 10*** | ***An Eoraip Dhigiteach — Ranníocaíocht ó CFRE*** | 2.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| ***05 02 11*** | ***An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta — Ranníocaíocht ó CFRE*** | 2.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| ***05 02 99*** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 05 02 99 01 | CFRE a chur i gcrích — Caiteachas oibríochtúil (roimh 2021) | 2.1 | p.m. | 7 660 268 000 | p.m. | 23 318 976 880 | 0,— | 28 488 281 667,22 | 371,90 |
| 05 02 99 02 | CFRE a chur i gcrích — Cúnamh teicniúil oibríochtúil (roimh 2021) | 2.1 | p.m. | 6 670 305 | p.m. | 24 750 000 | 0,— | 29 832 479,17 | 447,24 |
| 05 02 99 03 | CFRE a chur i gcrích — Airteagal 25 – Airteagal 11 (roimh 2021) | 2.1 | p.m. | 273 000 | p.m. | 395 974 | 0,— | 1 000 000,— | 366,30 |
| 05 02 99 04 | CFRE a chur i gcrích — Gníomhaíochtaí nuálacha i réimse na forbartha uirbí inbhuanaithe (roimh 2021) | 2.1 | p.m. | 11 268 016 | p.m. | 22 315 090 | 0,— | 52 069 936,60 | 462,10 |
| | *Airteagal 05 02 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 7 678 479 321 | p.m. | 23 366 437 944 | 0,— | 28 571 184 082,99 | 372,09 |
| | **Caibidil 05 02 — IOMLÁN** | | **39 429 319 555** | **13 074 258 851** | **38 387 742 464** | **26 228 514 767** | **36 551 474 373,—** | **32 171 477 738,19** | **246,07** |

*Barúlacha*

Tacaíocht CFRE faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis agus le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) sna clárthréimhsí 2021-2027 agus roimhe sin.

Cumhdófar leis na trí chatagóir réigiún seo a leanas:

— réigiúin bheagfhorbartha, ag a bhfuil OTI *per capita* faoi bhun 75 % de mheán-OTI an Aontais,

— réigiúin thrasdula, ag a bhfuil OTI *per capita* idir 75 % agus 100 % de mheán-OTI an Aontais,

— réigiúin níos forbartha, ag a bhfuil OTI *per capita* os cionn 100 % de mheán-OTI an Aontais.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, tíortha is iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

Ina theannta sin, agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/2094, is as ioncam sannta seachtrach de thoradh fáltas ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh arna iontráil sa ráiteas ioncaim a eascraíonn soláthar leithreasuithe do na cláir arna maoiniú faoin REACT-EU faoi Theidil 05 agus 07 do mhéid iomlán EUR 50 620 000 000 i ngealltanais. B'éigean suimeanna den sórt sin a bheith geallta go dlíthiúil roimh dheireadh 2023 cé is moite de chaiteachas riaracháin a bhfuil na méideanna sonraithe i nótaí tráchta buiséid na línte buiséid ábhartha faoin teideal seo.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320), agus go háirithe Airteagail 92a agus 92b de agus Iarscríbhinn VIIa a ghabhann leo.

Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 23).

Rialachán (AE) 2020/2221 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní breise agus socruithe cur chun feidhme chun cúnamh a chur ar fáil chun leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagair (REACT-EU) (IO L 437, 28.12.2020, lch. 30).

Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (IO L 231, 30.6.2021, lch. 60).

Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh (IO L 231, 30.6.2021, lch. 94).

Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

**CAIBIDIL 05 02 — CISTE FORBRAÍOCHTA RÉIGIÚNAÍ NA HEORPA (CFRE)** *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) 2022/562 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE) (IO L 109, 8.4.2022, lch. 1).

Rialachán (AE) 2022/613 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le réamh-mhaoiniú méadaithe ó acmhainní REACT EU agus le costas aonaid a bhunú (IO L 115, 13.4.2022, lch. 38).

Rialachán (AE) 2022/2039 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) 2021/1060 a mhéid a bhaineann le solúbthacht bhreise chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí fhogha míleata Chónaidhm na Rúise FAST (Cúnamh Solúbtha do Chríocha) – CARE (IO L 275, 25.10.2022, lch. 23).

Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

*Gníomhartha tagartha*

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna thíolacadh ag an gCoimisiún an 29 Bealtaine 2018, maidir le sásra chun constaicí dlí agus riaracháin a réiteach i gcomhthéacs trasteorann (COM (2018) 373 final).

### 05 02 01 CFRE — *Caiteachas oibríochtúil*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 39 092 746 401 | 5 162 042 041 | 38 086 018 122 | 2 736 386 073 | 36 128 385 283,— | 3 455 034 849,84 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar tacaíocht CFRE faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis agus le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) sa chlárthréimhse 2021-2027.

Cumhdófar leis na trí chatagóir réigiún seo a leanas:

— réigiúin bheagfhorbartha, ag a bhfuil OTI *per capita* faoi bhun 75 % de mheán-OTI an Aontais,

— réigiúin thrasdula, ag a bhfuil OTI *per capita* idir 75 % agus 100 % de mheán-OTI an Aontais,

— réigiúin níos forbartha, ag a bhfuil OTI *per capita* os cionn 100 % de mheán-OTI an Aontais.

**CAIBIDIL 05 02 — CISTE FORBRAÍOCHTA RÉIGIÚNAÍ NA HEORPA (CFRE)** *(Ar lean.)*

***05 02 01*** *(Ar lean.)*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 2 260 590 398 | 6 1 0 0 |

## ***05 02 02*** ***CFRE — Cúnamh teicniúil oibríochtúil***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 107 557 191 | 74 002 500 | 104 166 916 | 64 350 000 | 98 622 412,— | 53 106 618,61 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an cúnamh teicniúil arna chistiú ag CFRE dá bhforáiltear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2021/1060.

Le cúnamh teicniúil, féadfar tacú le hullmhúchán, faireachán, rialú, iniúchadh, meastóireacht agus cumarsáid, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach faoi thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, le bearta infheictheachta agus le gach gníomhaíocht riaracháin agus cúnaimh theicniúil is gá chun reachtaíocht maidir le cistí an Aontais, agus i gcás inarb iomchuí le tríú tíortha, a chur chun feidhme.

Féadfar é a úsáid chun na nithe seo a leanas a chumhdach go háirithe:

— caiteachas a bhaineann le TF, lena n-áirítear TF chorparáideach,

— caiteachas a bhaineann le cumarsáid, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach,

— caiteachas a bhaineann le staidéir agus le meastóireachtaí.

## ***05 02 03*** ***Tionscnamh Uirbeach Eorpach***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 64 352 138 | 93 930 031 | 63 090 331 | 44 163 232 | 61 853 266,— | 36 748 116,90 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go dtacófar an Tionscnamh Uirbeach Eorpach dá bhforáiltear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2021/1058.

**CAIBIDIL 05 02 — CISTE FORBRAÍOCHTA RÉIGIÚNAÍ NA HEORPA (CFRE)** *(Ar lean.)*

***05 02 03*** *(Ar lean.)*

Tá sé d’aidhm aige cuir chuige chomhtháite agus rannpháirteacha le forbairt uirbeach inbhuanaithe a láidriú agus nasc níos láidre a sholáthar le beartais ábhartha an Aontais, agus go háirithe, infheistíochtaí beartais chomhtháthaithe. Déanfaidh sé an méid sin trí chomhar a éascú agus a thacú agus trí acmhainneacht gníomhairí uirbeacha a fhothú, gníomhaíochtaí nuálacha, eolas, forbairt beartais agus cumarsáid i réimse na forbartha uirbigh inbhuanaithe.

***05 02 04*** ***An Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) — Ranníocaíocht ó CFRE***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 76 694 280 | p.m. | 75 214 080 | p.m. | 73 418 898,— | 0,— |

*Barúlacha*

Is ar bhonn na ndúshlán a shainaithnítear i bpleananna trasdula críochacha a dhéanfar an cinneadh acmhainní a aistriú ar bhonn deonach ó CFRE agus CSE+. Is féidir réamh-leithdháileadh airgeadais a chur san áireamh sna Comhaontuithe Comhpháirtíochta agus aistrithe a dhéanamh sna cláir. Ní bheidh an t-aistriú iomlán ó CFRE ar eolas mar sin go dtí go nglacfar na cláir.

***05 02 05*** ***CFRE — Maoiniú faoi REACT-EU***

05 02 05 01 CFRE — Caiteachas oibríochtúil — Maoiniú faoi REACT-EU

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar tacaíocht CFRE faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis chun tacú le hoibríochtaí lena gcothaítear leigheas dhíobháil na géarchéime i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 sna réigiúin a bhfuil a ngeilleagar agus a gcuid post buailte níos measa dá deasca agus le téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú do na geilleagair sin.

**CAIBIDIL 05 02 — CISTE FORBRAÍOCHTA RÉIGIÚNAÍ NA HEORPA (CFRE)** *(Ar lean.)*

***05 02 05*** *(Ar lean.)*

05 02 05 02 CFRE – Cúnamh teicniúil oibríochtúil – Maoiniú faoi REACT-EU

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na bearta ullmhúcháin, faireacháin, cúnaimh theicniúil, meastóireachta, iniúchta agus rialaithe is gá, mar aon leis an gcumarsáid chorparáideach is gá, chun Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 dá bhforáiltear in Airteagal 58 agus Airteagal 118 den Rialachán sin a chur chun feidhme.

05 02 05 03 Comhar Críochach Eorpach – Caiteachas oibríochtúil – Maoiniú faoi REACT-EU

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar leithreasuithe arna gcur chun feidhme tar éis an leithdháileadh ar chláir lena dtacaíonn an Comhar Críochach Eorpach a mhéadú go deonach as an gclúdach REACT-EU.

***05 02 06*** ***Ciste InvestEU — Ranníocaíocht ó CFRE***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 16 007 427 | 36 007 427 | p.m. | p.m. | 131 355 545,— | 31 355 545,— |

**CAIBIDIL 05 02 — CISTE FORBRAÍOCHTA RÉIGIÚNAÍ NA HEORPA (CFRE)** *(Ar lean.)*

***05 02 06*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcomhlánófar na hacmhainní ó Chiste InvestEU tar éis iarraidh ó Bhallstát nó ó Bhallstáit sa Chomhaontú Comhpháirtíochta nó in iarraidh ar chlár a leasú chun suas le huasmhéid 5 % de leithdháileadh náisiúnta tosaigh CFRE a aistriú chuig InvestEU de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/1060. Déanfar acmhainní arna n-aistriú a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha InvestEU agus úsáidfear iad le haghaidh an tsoláthair don chuid sin de ráthaíocht AE faoi urrann an Bhallstáit ar thabhairt i gcrích an chomhaontaithe ranníocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2021/523.

***05 02 07*** ***An Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (BMVI) — Ranníocaíocht ó CFRE***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 60 418 368 | 29 419 531 | 59 253 015 | 17 177 518 | 57 838 969,— | 24 048 524,85 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcomhlánófar na hacmhainní ón Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (BMVI) tar éis iarraidh ó Bhallstát nó ó Bhallstáit sa Chomhaontú Comhpháirtíochta nó in iarraidh ar chlár a leasú chun suas le 5 % de leithdháileadh náisiúnta tosaigh CFRE a aistriú chuig BMVI de bhun Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2021/1060. Déanfar acmhainní arna n-aistriú a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha BMVI agus chun leas an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann.

***05 02 08*** ***An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) — Ranníocaíocht ó CFRE***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcomhlánófar na hacmhainní ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) tar éis iarraidh ó Bhallstát nó ó Bhallstáit sa Chomhaontú Comhpháirtíochta nó in iarraidh ar chlár a leasú chun suas le 5 % de leithdháileadh náisiúnta tosaigh CFRE a aistriú chuig CEMID de bhun Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2021/1060. Déanfar acmhainní arna n-aistriú a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha CEMID agus chun leas an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann.

**CAIBIDIL 05 02 — CISTE FORBRAÍOCHTA RÉIGIÚNAÍ NA HEORPA (CFRE)** *(Ar lean.)*

### *05 02 09 Fís Eorpach — Ranníocaíocht ó CFRE*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 11 543 750 | 378 000 | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcomhlánófar na hacmhainní ó Fhís Eorpach tar éis iarraidh ó Bhallstát nó ó Bhallstáit sa Chomhaontú Comhpháirtíochta nó in iarraidh ar chlár a leasú chun suas le 5 % de leithdháileadh náisiúnta tosaigh CFRE a aistriú chuig Fís Eorpach de bhun Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2021/1060. Déanfar acmhainní arna n-aistriú a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha Fhís Eorpach agus chun leas an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann.

### *05 02 10 An Eoraip Dhigiteach — Ranníocaíocht ó CFRE*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcomhlánófar na hacmhainní ón gClár don Eoraip Dhigiteach tar éis iarraidh ó Bhallstát nó ó Bhallstáit sa Chomhaontú Comhpháirtíochta nó in iarraidh ar chlár a leasú chun suas le 5 % de leithdháileadh náisiúnta tosaigh CFRE a aistriú chuig an gClár don Eoraip Dhigiteach de bhun Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2021/1060 (CPR). Déanfar acmhainní arna n-aistriú a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha an Chláir don Eoraip Dhigiteach agus chun leas an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann.

### *05 02 11 An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta — Ranníocaíocht ó CFRE*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

**CAIBIDIL 05 02 — CISTE FORBRAÍOCHTA RÉIGIÚNAÍ NA HEORPA (CFRE)** *(Ar lean.)*

***05 02 11*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcomhlánófar na hacmhainní ón tSaoráid Athléimneachta agus Téarnaimh tar éis iarraidh ó Bhallstát nó ó Bhallstáit sa Chomhaontú Comhpháirtíochta nó in iarraidh ar chlár a leasú chun cuid de leithdháileadh náisiúnta tosaigh CFRE a aistriú chuig an tSaoráid Athléimneachta agus Téarnaimh de bhun Airteagail 26 de Rialachán (AE) 2021/1060. Déanfar acmhainní arna n-aistriú a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha na Saoráide Athléimneachta agus Téarnaimh agus chun leas an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann.

***05 02 99*** ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin airteagal go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo agus áirítear leo réamh-mhaoiniú clár a bhaineann leis an tréimhse 2014-2020, agus an treoraíocht a thug an Chomhairle Eorpach á cur san áireamh.

05 02 99 01 CFRE a chur i gcrích — Caiteachas oibríochtúil (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 7 660 268 000 | p.m. | 23 318 976 880 | 0,— | 28 488 281 667,22 |

*Barúlacha*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 1 776 866 392 | 6 1 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CEE) Uimh. 2052/88 ón gComhairle an 24 Meitheamh 1988 maidir le cúraimí na gCistí Struchtúracha agus lena éifeachtaí atá siad agus maidir lena gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú eatarthu féin agus le hoibríochtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus leis na hionstraimí airgeadais eile atá ann (IO L 185, 15.7.1988, lch. 9).

Rialachán (CEE) Uimh. 4253/88 ón gComhairle an 19 Nollaig 1988 lena leagtar síos forálacha chun Rialachán (CEE) Uimh. 2052/88 a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le comhordú gníomhaíochtaí na gCistí Struchtúracha éagsúla eatarthu féin agus le hoibríochtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus leis na hionstraimí airgeadais eile atá ann (IO L 374, 31.12.1988, lch. 1).

**CAIBIDIL 05 02 — CISTE FORBRAÍOCHTA RÉIGIÚNAÍ NA HEORPA (CFRE)** *(Ar lean.)*

***05 02 99*** *(Ar lean.)*

05 02 99 01 *(Ar lean.)*

Rialachán (CEE) Uimh. 4254/88 ón gComhairle an 19 Nollaig 1988 lena leagtar síos forálacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (CEE) Uimh. 2052/88 a mhéid a bhaineann le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (IO L 374, 31.12.1988, lch. 15).

Rialachán (CEE) Uimh. 4255/88 ón gComhairle an 19 Nollaig 1988 lena leagtar síos forálacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (CEE) Uimh. 2052/88 a mhéid a bhaineann le Ciste Sóisialta na hEorpa (IO L 374, 31.12.1988, lch. 21).

Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir leis na Cistí Struchtúracha (IO L 161, 26.6.1999, lch. 1).

Cinneadh 1999/501/CE ón gCoimisiún an 1 Iúil 1999 lena ndeisítear leithdháileadh táscach ag Ballstát ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh Chuspóir 1 de na Cistí Struchtúracha don tréimhse idir 2000 agus 2006 (IO L 194, 27.7.1999, lch. 49), agus go háirithe aithris 5 de.

Rialachán (CE) Uimh. 1783/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 1999 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (IO L 213, 13.8.1999, lch. 1).

Cinneadh C (2001) 638 ón gCoimisiún maidir le formheas chúnamh struchtúrach an Chomhphobail le haghaidh chlár oibríochtúil an Aontais maidir le Síocháin agus Athmhuintearas (clár PEACE II) lena mbaineann Cuspóir 1 i dTuaisceart Éireann (an Ríocht Aontaithe) agus i réigiún na teorann (Éire).

Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1783/1999 (IO L 210, 31.7.2006, lch. 1).

Airteagal 58(2), pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**CAIBIDIL 05 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

### *05 20 02 Gníomhaíochtaí ullmhúcháin*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 500 000 | p.m. | 720 000 | 0,— | 601 520,41 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go maoineofar cur chun feidhme gníomhaíochtaí ullmhúcháin i raon feidhme CFAE agus Chonradh Euratom, arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn gníomhaíochtaí a ghlacadh amach anseo.

Leagtar liosta na ngníomhaíochtaí ullmhúcháin amach in Iarscríbhinn 'Treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin' a ghabhann leis an roinn seo, faoi chaibidil PA 05.

*Gníomhartha tagartha*

Airteagal 58(2), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

### *05 20 99 Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin airteagal seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

05 20 99 01 Cur i gcrích gníomhaíochtaí roimhe seo maidir leis an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ranníocaíocht an Aontais chuig maoiniú an Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn arna bhunú ag Comhaontú Angla-Éireannach an 15 Samhain 1985 d'fhonn dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta a chur chun cinn agus teagmhálaithe, idirphlé agus athmhuintearas a spreagadh idir muintireacha na hÉireann.

***05 20 99*** *(Ar lean.)*

05 20 99 01 *(Ar lean.)*

Féadfaidh na gníomhaíochtaí faoin gCiste Idirnáisiúnta d’Éirinn gníomhaíochtaí a chuirtear chun cinn sa chlár tionscnaimh chun cabhrú leis an bpróiseas síochána sa dá chuid d’Éirinn a chomhlánú agus a thacú.

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 177/2005 ón gComhairle an 24 Eanáir 2005 maidir le ranníocaíochtaí airgeadais an Chomhphobail leis an gCiste Idirnáisiúnta d’Éirinn (2005-2006) (IO L 30, 3.2.2005, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 1232/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2010 maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón Aontas Eorpach leis an gCiste Idirnáisiúnta d’Éirinn (2007-2010) (IO L 346, 30.12.2010, lch. 1).

*TEIDEAL 06*

# TÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT

# TEIDEAL 06

# TÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT

## Achoimre ghinearálta ar leithreasuithe (2024 agus 2023) agus ar an olltoradh (2022)

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 06 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT' | 35 190 410 | 35 190 410 | 32 410 237 | 32 410 237 | 24 408 628,99 | 24 408 628,99 |
| 06 02 | AN TSAORÁID TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA AGUS AN IONSTRAIM UM THACAÍOCHT THEICNIÚIL | 121 364 392 | 102 613 800 | 118 984 192 | 112 885 000 | 116 651 534,— | 95 813 771,37 |
| 06 03 | AN EURO A CHOSAINT AR GHÓCHUMADH | 884 755 | 983 192 | 667 060 | 1 005 570 | 828 141,12 | 701 253,12 |
| 06 04 | IONSTRAIM THÉARNAIMH AN AONTAIS EORPAIGH (EURI) | 3 334 000 000 | 3 334 000 000 | 1 309 775 000 | 1 309 775 000 | 68 500 000,— | 68 500 000,— |
| 06 05 | AN SÁSRA AONTAIS UM CHOSAINT SHIBHIALTA | 240 311 354 | 259 908 000 | 188 005 975 | 312 019 857 | 354 121 493,65 | 232 571 954,97 |
| 06 06 | CLÁR EU4HEALTH | 726 723 832 | 662 000 000 | 715 121 072 | 602 712 378 | 821 946 309,— | 173 013 272,22 |
| 06 07 | TACAÍOCHT ÉIGEANDÁLA LAISTIGH DEN AONTAS | p.m. | 1 999 028 | p.m. | 5 878 000 | 0,— | 134 020 439,97 |
| 06 10 | GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE | 249 293 189 | 245 467 463 | 260 905 055 | 253 150 025 | 284 340 851,— | 269 635 276,90 |
| 06 20 | TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | 12 097 771 | 11 800 000 | 12 000 000 | 11 000 000 | 12 907 535,95 | 12 256 687,93 |
| | **Teideal 06 — IOMLÁN** | **4 719 865 703** | **4 653 961 893** | **2 637 868 591** | **2 640 836 067** | **1 683 704 493,71** | **1 010 921 285,47** |

# TEIDEAL 06

# TÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT

## CAIBIDIL 06 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT'

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 06 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT' | | | | | |
| ***06 01 01*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil*** | | | | | |
| 06 01 01 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil | 2.2 | 2 122 000 | 2 081 000 | 1 980 932,39 | 93,35 |
| 06 01 01 02 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta | 2.2 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 06 01 01 — Fo-iomlán* | | 2 122 000 | 2 081 000 | 1 980 932,39 | 93,35 |
| ***06 01 02*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an euro a chosaint ar ghóchumadh*** | 2.2 | p.m. | 200 000 | 0,— | |
| ***06 01 03*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI)*** | 2.2 | 6 000 000 | 6 000 000 | 5 250 000,— | 87,50 |
| ***06 01 04*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Shásra Aontais um Chosaint Shibhialta*** | 2.2 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***06 01 05*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár EU4Health*** | | | | | |
| 06 01 05 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár EU4Health | 2.2 | 9 508 377 | 9 322 431 | 5 369 218,53 | 56,47 |
| 06 01 05 73 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú — Ranníocaíocht ó Chlár EU4Health | 2.2 | 17 560 033 | 14 806 806 | 11 808 478,07 | 67,25 |
| | *Airteagal 06 01 05 — Fo-iomlán* | | 27 068 410 | 24 129 237 | 17 177 696,60 | 63,46 |
| ***06 01 06*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh na tacaíochta éigeandála laistigh den Aontas*** | 2.2 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Caibidil 06 01 — IOMLÁN** | | **35 190 410** | **32 410 237** | **24 408 628,99** | **69,36** |

**CAIBIDIL 06 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT'** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil go gcumhdófar caiteachas de chineál riaracháin (amhail staidéir, cruinnithe saineolaithe, faisnéis agus foilseacháin) atá nasctha go díreach le cuspóirí na gclár nó na mbeart a thagann faoin mbraisle seo a bhaint amach, agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

### 06 01 01 *Caiteachas tacaíochta le haghaidh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil*

06 01 01 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 122 000 | 2 081 000 | 1 980 932,39 |

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil seo, tá sé beartaithe leis an leithreasú freisin go gcumhdófar na speansais a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta a bhfuil gá leo chun an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a bhainistiú agus a cuspóirí a ghnóthú, go háirithe staidéir, cruinnithe saineolaithe, comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach faoi thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a mhéid a bhaineann siad le cuspóirí Rialachán (AE) 2021/240, speansais a bhaineann le líonraí TF atá dírithe ar phróiseáil agus ar mhalartú faisnéise, uirlisí teicneolaíochta faisnéise corparáideacha, agus gach speansas eile maidir le cúnamh teicniúil agus riaracháin arna thabhú ag an gCoimisiún chun an Ionstraim a bhainistiú. Chomh maith leis sin, faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, féadfar na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí tacaíochta eile a chumhdach, amhail costais a bhaineann le rialú cáilíochta agus faireachán ar thionscadail um thacaíocht theicniúil ar an láthair agus costais a bhaineann le piarchomhairleoireacht agus le saineolaithe chun athchóirithe struchtúracha a mheasúnú agus a chur chun feidhme. Féadfar an leithreasú seo a úsáid freisin chun an cineál caiteachais thuasluaite sa mhír seo a bhaineann le bainistíocht gníomhartha agus gníomhaíochtaí arna dtionscnamh faoi Rialachán (AE) 2017/825 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le bunú an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach don tréimhse 2017 go 2020 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 (IO L 129, 19.5.2017, lch. 1), nach raibh tugtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2020.

**CAIBIDIL 06 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT'** *(Ar lean.)*

***06 01 01*** *(Ar lean.)*

06 01 01 01 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 06 02.

06 01 01 02 Caiteachas tacaíochta le haghaidh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil seo, tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin, arna mhaoiniú ó ioncam sannta, go gcumhdófar leis na speansais a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta a bhfuil gá leo chun an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a bhainistiú agus a cuspóirí a ghnóthú, go háirithe staidéir, cruinnithe saineolaithe, comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear gníomhaíochtaí for-rochtana, agus cumarsáid chorparáideach faoi thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a mhéid a bhaineann siad le cuspóirí Rialachán (AE) 2021/240, speansais a bhaineann le líonraí TF atá dírithe ar phróiseáil agus ar mhalartú faisnéise, uirlisí teicneolaíochta faisnéise corparáideacha, agus gach speansas eile maidir le cúnamh teicniúil agus riaracháin arna thabhú ag an gCoimisiún chun an tSaoráid a bhainistiú. Féadfaidh na speansais freisin, faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, gach costas a bhaineann le gníomhaíochtaí tacaíochta eile a chumhdach, amhail na costais a bhaineann le rialú cáilíochta agus faireachán ar thionscadail ar an láthair agus costais a bhaineann le piarchomhairleoireacht agus le saineolaithe chun na hathchóirithe agus infheistíochtaí a mheasúnú agus a chur chun feidhme.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Fáltais ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh | 14 000 000 | 5 0 4 0 |

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 06 02.

***06 01 02*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an euro a chosaint ar ghóchumadh***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | 200 000 | 0,— |

**06 01 02** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil seo, tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go gcumhdófar cúnamh teicniúil agus riaracháin chun clár Pericles IV a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta agus faisnéise chorparáideacha.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 06 03.

**06 01 03** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI)***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 6 000 000 | 6 000 000 | 5 250 000,— |

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil seo, Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go gcumhdófar cúnamh teicniúil agus riaracháin chun Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta agus faisnéise chorparáideacha.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 06 04.

**06 01 04** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Shásra Aontais um Chosaint Shibhialta***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin chun Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise.

***06 01 04*** *(Ar lean.)*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Fáltais ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh | 2 725 000 | 5 0 4 0 |
| CSTE-LEE | 96 465 | 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 06 05.

***06 01 05*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár EU4Health***

06 01 05 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár EU4Health

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 9 508 377 | 9 322 431 | 5 369 218,53 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú go cumhdófar caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin chun an Clár EU4Health a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta agus faisnéise chorparáideacha.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 336 597 | 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 06 06.

06 01 05 73 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú — Ranníocaíocht ó Chlár EU4Health

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 17 560 033 | 14 806 806 | 11 808 478,07 |

**CAIBIDIL 06 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'TÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT'** *(Ar lean.)*

***06 01 05*** *(Ar lean.)*

06 01 05 73 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ranníocaíocht le caiteachas ar fhoireann agus ar riarachán na Gníomhaireachta arna thabhú mar thoradh ar ról na Gníomhaireachta i mbainistiú na mbeart atá mar chuid de chlár EU4Health agus de thabhairt i gcrích a réamhchlár.

Leagtar plean bunaíochta na Gníomhaireachta amach san Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 621 625 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir le tríú Clár a bhunú do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1350/2007/CE (IO L 86, 21.3.2014, lch. 1).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Féach Caibidil 06 06.

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2021) 948 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú d'fhonn cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse EU4Health, an Mhargaidh Aonair, an Taighde agus na Nuálaíochta, na hEorpa Digití, agus na Saoráide um Chónascadh na hEorpa – An Clár Oibre Digiteach, lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme.

### 06 01 06 *Caiteachas tacaíochta le haghaidh na tacaíochta éigeandála laistigh den Aontas*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas tacaíochta atá nasctha go díreach le baint amach chuspóirí na tacaíochta éigeandála laistigh den Aontas. Cumhdaíonn sé, *inter alia*:

— gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta,

— forbairt, cothabháil, oibríocht agus tacaíocht córas faisnéise, a bhfuil sé i gceist iad a úsáid go hinmheánach nó chun comhordú a fheabhsú idir an Coimisiún agus institiúidí eile, riaracháin náisiúnta, gníomhaireachtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhpháirtithe eile i dtacaíocht éigeandála, agus saineolaithe sa réimse,

— staidéir, cruinnithe saineolaithe, faisnéis agus foilseacháin, feachtais um fheasacht phoiblí agus faisnéise atá nasctha go díreach le baint amach chuspóir na tacaíochta éigeandála,

— cúnamh teicniúil is gá chun tacaíocht éigeandála laistigh den Aontas a ullmhú agus a chur chun feidhme, arna soláthar ag saineolaithe aonair i réimse Ard-Stiúrthóireacht um Chabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta an Choimisiúin Eorpaigh (ECHO) a chuirtear i bhfeidhm ar fud an domhain,

— aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*.

Aon ioncam ó ranníocaíochtaí airgeadais breise ó Bhallstáit agus ranníocaíochtaí ó thríú tíortha nó ó chomhlachtaí nach comhlachtaí iad a bunaíodh faoi CFAE nó faoi Chonradh Euratom, le gníomhaíochtaí nó cláir áirithe maidir le cabhair sheachtrach arna maoiniú ag an Aontas agus arna bainistiú ag an gCoimisiún, meastar go mbeidh soláthar leithreasuithe breise mar thoradh air.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 06 07.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 06 — TÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT*

**CAIBIDIL 06 02 — AN TSAORÁID TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA AGUS AN IONSTRAIM UM THACAÍOCHT THEICNIÚIL**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 06 02 | AN TSAORÁID TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA AGUS AN IONSTRAIM UM THACAÍOCHT THEICNIÚIL | | | | | | | | |
| **06 02 01** | ***An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta — Tacaíocht neamh-inaisíoctha*** | 2.2 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| **06 02 02** | ***An Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil*** | 2.2 | 121 364 392 | 102 053 000 | 118 984 192 | 97 685 000 | 116 651 534,— | 59 830 000,— | 58,63 |
| **06 02 99** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 06 02 99 01 | Cur i gcrích an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach — Cúnamh teicniúil oibríochtúil arna aistriú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus ón gCiste Comhtháthaithe (CC) (roimh 2021) | 2.2 | p.m. | 513 300 | p.m. | 12 200 000 | 0,— | 27 983 771,37 | 5 451,74 |
| 06 02 99 02 | Cur i gcrích an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach — Cúnamh teicniúil oibríochtúil arna aistriú ó Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (roimh 2021) | 2.2 | p.m. | 47 500 | p.m. | 3 000 000 | 0,— | 8 000 000,— | 16 842,11 |
| | *Airteagal 06 02 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 560 800 | p.m. | 15 200 000 | 0,— | 35 983 771,37 | 6 416,51 |
| | **Caibidil 06 02 — IOMLÁN** | | **121 364 392** | **102 613 800** | **118 984 192** | **112 885 000** | **116 651 534,—** | **95 813 771,37** | **93,37** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas atá ábhartha maidir le Rialachán (AE) 2021/240 lena mbunaítear an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil agus Rialachán (AE) 2021/241 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Tá sé beartaithe leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn trí athléimneacht, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, acmhainn choigeartaithe agus acmhainneacht fáis na mBallstát a fheabhsú, trí thionchar sóisialta agus eacnamaíoch ghéarchéim COVID-19 a mhaolú, agus tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hacmhainneacht fáis gheilleagair an Aontais a athshlánú i ndiaidh ghéarchéim COVID-19, agus le fás inbhuanaithe a chothú. Tá sé ann chun tacaíocht airgeadais a sholáthar do Bhallstáit d'fhonn garspriocanna agus spriocanna na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a ghnóthú mar a leagtar amach iad ina gcuid pleananna téarnaimh agus athléimneachta.

I gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/2094, is as ioncam sannta seachtrach de thoradh fáltas ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh arna iontráil sa ráiteas ioncaim a eascraíonn soláthar leithreasuithe don chlár sin faoin teideal sin do mhéid iomlán EUR 337 969 000 000 i ngealltanais. Thairis sin, cuirtear méid iomlán EUR 20 000 000 000 ar fáil faoin Rialachán sin mar thacaíocht bhreise airgeadais neamh-inaisíoctha chun príomhinfheistíochtaí agus athchóirithe a mhaoiniú lena gcuideofar le hathléimneacht chóras fuinnimh an Aontais a mhéadú trí spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus soláthairtí fuinnimh a éagsúlú ar leibhéal an Aontais (REPowerEU). Ioncam sannta seachtrach a bheidh sa mhéid sin freisin i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais. B'éigean méideanna den sórt sin a ghealladh go dlíthiúil roimh dheireadh 2023 cé is moite de chaiteachas riaracháin a bhfuil na méideanna sonraithe ina leith i nótaí buiséid na línte ábhartha buiséid faoin Teideal seo.

Is é cuspóir na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn trí thacú le hiarrachtaí na mBallstát athchóirithe a chur chun feidhme. Tá gá leis sin chun infheistíochtaí a spreagadh, chun iomaíochas a mhéadú agus chun cóineasú, athléimneacht agus téarnamh inbhuanaithe eacnamaíoch agus sóisialta a ghnóthú. Is é cuspóir is cuspóir don Ionstraim tacú le hiarrachtaí Ballstát athchóirithe a dhearadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus pleananna téarnaimh agus athléimneachta a ullmhú, a fhorbairt, a leasú agus a chur chun feidhme de bhun Rialachán (AE) 2021/241. Áirítear leis sin a n-acmhainneacht institiúideach agus riaracháin a neartú, chun costáil, garspriocanna agus spriocanna a chainníochtú i gceart, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, chun aistrithe atá cuimsitheach go sóisialta, glas agus digiteach a éascú, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin arna sainaithint sna moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha faoi leith agus chun dlí an Aontais a chur chun feidhme.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433 I , 22.12.2020, lch. 23).

Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

**06 02 01** ***An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta — Tacaíocht neamh-inaisíoctha***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 06 — TÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT*

**CAIBIDIL 06 02 — AN TSAORÁID TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA AGUS AN IONSTRAIM UM THACAÍOCHT THEICNIÚIL** *(Ar lean.)*

**06 02 01** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar speansais chun an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme d'fhonn tacaíocht airgeadais a sholáthar do Bhallstáit d'fhonn garspriocanna agus spriocanna na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a ghnóthú mar a leagtar amach iad ina gcuid pleananna téarnaimh agus athléimneachta. An cuspóir sonrach sin, saothrófar é i ndlúthchomhar trédhearcach leis na Ballstáit lena mbaineann.

Beidh sé mar aidhm leis an tacaíocht seo, go háirithe, ranníocaíochtaí airgeadais a sholáthar d'athchóirithe struchtúracha agus infheistíochtaí dírithe ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch.

**06 02 02** ***An Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 121 364 392 | 102 053 000 | 118 984 192 | 97 685 000 | 116 651 534,— | 59 830 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar speansais maidir le cur chun feidhme na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil d'fhonn tacú le hiarrachtaí na n-údarás náisiúnta chun a n-acmhainneacht le hathchóirithe a cheapadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme a fheabhsú, chomh maith le pleananna téarnaimh agus athléimneachta a ullmhú, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú de bhun Rialachán (AE) 2021/241, lena n-áirítear trí dhea-chleachtais a mhalartú, próisis agus modheolaíochtaí, agus rannpháirtíocht geallsealbhóirí, i gcás inarb iomchuí, agus bainistíocht acmhainní daonna níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

Beidh sé mar aidhm ag an tacaíocht seo go háirithe saineolas a mhaoiniú a bhaineann, i measc nithe eile, le comhairle beartais, fothú acmhainneachta institiúidí, riaracháin nó earnála, sonraí agus staidreamh a bhailiú, tacaíocht oibríochtúil a eagrú, fothú acmhainneachta TF, staidéir, taighde, anailísí agus suirbhéanna, meastóireachtaí agus measúnuithe tionchair, foilseacháin, múscailt feasachta, gníomhaíochtaí scaipthe, dea-chleachtais a mhalartú, chomh maith le haon ghníomhaíocht eile mar thacaíocht do chuspóirí ginearálta agus sonracha na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil.

**06 02 99** ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

**CAIBIDIL 06 02 — AN TSAORÁID TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA AGUS AN IONSTRAIM UM THACAÍOCHT THEICNIÚIL** *(Ar lean.)*

***06 02 99*** *(Ar lean.)*

06 02 99 01 Cur i gcrích an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach — Cúnamh teicniúil oibríochtúil arna aistriú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus ón gCiste Comhtháthaithe (CC) (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 513 300 | p.m. | 12 200 000 | 0,— | 27 983 771,37 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2017/825 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le bunú an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach don tréimhse 2017 go 2020 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 (IO L 129, 19.5.2017, lch. 1).

06 02 99 02 Cur i gcrích an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach — Cúnamh teicniúil oibríochtúil arna aistriú ó Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 47 500 | p.m. | 3 000 000 | 0,— | 8 000 000,— |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2017/825 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le bunú an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach don tréimhse 2017 go 2020 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 (IO L 129, 19.5.2017, lch. 1).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 06 — TÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT*

**CAIBIDIL 06 03 — AN EURO A CHOSAINT AR GHÓCHUMADH**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 06 03 | AN EURO A CHOSAINT AR GHÓCHUMADH | | | | | | | | |
| **06 03 01** | ***An euro a chosaint ar ghóchumadh*** | 2.2 | 884 755 | 947 510 | 667 060 | 750 000 | 828 141,12 | 603 541,38 | 63,70 |
| **06 03 99** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 06 03 99 01 | An clár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh a chur i gcrích (clár 'Pericles 2020') (2014 go 2020) | 2.2 | p.m. | 35 682 | p.m. | 255 570 | 0,— | 97 711,74 | 273,84 |
| | *Airteagal 06 03 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 35 682 | p.m. | 255 570 | 0,— | 97 711,74 | 273,84 |
| | **Caibidil 06 03 — IOMLÁN** | | **884 755** | **983 192** | **667 060** | **1 005 570** | **828 141,12** | **701 253,12** | **71,32** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar maoiniú na ngníomhaíochtaí incháilithe faoi chlár Pericles IV agus é mar aidhm leo nótaí bainc agus boinn euro a chosaint ar ghóchumadh agus ar chalaois ghaolmhar, trí thacú leis na bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit agus trína bhforlíonadh, agus trí chúnamh a thabhairt do na húdaráis inniúla náisiúnta agus d'údaráis inniúla an Aontais agus iad ag iarraidh dlúthchomhar tráthrialta agus malartú dea-chleachtais a fhorbairt eatarthu féin agus leis an gCoimisiún, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/840 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear clár um malartú, cúnamh agus oiliúint chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2027 (clár 'Pericles IV'), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh 331/2014 (IO L 186, 27.5.2021, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/1696 ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2021 lena leathnaítear cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/840 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2027 ('clár Pericles IV') go dtí na Ballstáit neamh-rannpháirteacha (IO L 336, 23.9.2021, lch. 1).

**CAIBIDIL 06 03 — AN EURO A CHOSAINT AR GHÓCHUMADH** *(Ar lean.)*

### 06 03 01 *An euro a chosaint ar ghóchumadh*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 884 755 | 947 510 | 667 060 | 750 000 | 828 141,12 | 603 541,38 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar maoiniú na ngníomhaíochtaí incháilithe faoi chlár Pericles IV agus é mar aidhm leo nótaí bainc agus boinn euro a chosaint ar ghóchumadh agus ar chalaois ghaolmhar, trí thacú leis na bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit agus trína bhforlíonadh, agus trí chúnamh a thabhairt do na húdaráis inniúla náisiúnta agus d'údaráis inniúla an Aontais agus iad ag iarraidh dlúthchomhar tráthrialta agus malartú dea-chleachtas a fhorbairt eatarthu féin agus leis an gCoimisiún, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta.

### 06 03 99 *Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

06 03 99 01 An clár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh a chur i gcrích (clár 'Pericles 2020') (2014 go 2020)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 35 682 | p.m. | 255 570 | 0,— | 97 711,74 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 331/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear clár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (clár 'Pericles 2020') agus lena n-aisghairtear Cinntí 2001/923/CE, 2001/924/CE, 2006/75/CE, 2006/76/CE, 2006/849/CE agus 2006/850/CE ón gComhairle (IO L 103, 5.4.2014, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 1 de.

Rialachán (AE) 2015/768 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2015 lena leathnaítear cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 331/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chuig Ballstáit neamhrannpháirteacha lena mbunaítear clár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (clár 'Pericles 2020'), (IO L 121, 14.5.2015, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 1 de.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 06 — TÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT*

**CAIBIDIL 06 04 — IONSTRAIM THÉARNAIMH AN AONTAIS EORPAIGH (EURI)**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 06 04 | IONSTRAIM THÉARNAIMH AN AONTAIS EORPAIGH (EURI) | | | | | |
| **06 04 01** | ***Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) – Íocaíocht cúpóin thréimhsiúil agus fuascailt tráth na haibíochta*** | 2.2 | 3 334 000 000 | 1 309 775 000 | 68 500 000,— | 2,05 |
| | **Caibidil 06 04 — IOMLÁN** | | **3 334 000 000** | **1 309 775 000** | **68 500 000,—** | **2,05** |

*Bunús dlí*

Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 23).

***06 04 01 Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) – Íocaíocht cúpóin thréimhsiúil agus fuascailt tráth na haibíochta***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 334 000 000 | 1 309 775 000 | 68 500 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na costais a bhaineann le cistí a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil agus thar ceann an Aontais i gcreat Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh.

**CAIBIDIL 06 05 — AN SÁSRA AONTAIS UM CHOSAINT SHIBHIALTA**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 06 05 | AN SÁSRA AONTAIS UM CHOSAINT SHIBHIALTA | | | | | | | | |
| **06 05 01** | ***An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta*** | 2.2 | 240 311 354 | 221 000 000 | 188 005 975 | 275 000 000 | 354 121 493,65 | 140 327 992,24 | 63,50 |
| **06 05 99** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 06 05 99 01 | Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo i réimse na cosanta sibhialta laistigh den Aontas a thabhairt i gcrích (roimh 2021) | 2.2 | p.m. | 38 908 000 | p.m. | 35 402 558 | 0,— | 84 319 303,76 | 216,71 |
| 06 05 99 02 | Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo i réimse na cosanta sibhialta i dtríú tíortha a thabhairt i gcrích (roimh 2021) | 2.2 | p.m. | p.m. | p.m. | 1 617 299 | 0,— | 7 924 658,97 | |
| | *Airteagal 06 05 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 38 908 000 | p.m. | 37 019 857 | 0,— | 92 243 962,73 | 237,08 |
| | **Caibidil 06 05 — IOMLÁN** | | **240 311 354** | **259 908 000** | **188 005 975** | **312 019 857** | **354 121 493,65** | **232 571 954,97** | **89,48** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas chun tacú leis na gníomhaíochtaí faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

Ina theannta sin, agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/2094, is as ioncam sannta seachtrach de thoradh fáltas ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh arna iontráil sa ráiteas ioncaim a eascraíonn soláthar leithreasuithe do na cláir arna maoiniú faoin Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh faoi Theidil 06 do mhéid iomlán EUR 2 056 480 000 i ngealltanais. B’éigean méideanna den sórt sin a ghealladh go dlíthiúil roimh dheireadh 2023 cé is moite de chaiteachas riaracháin a bhfuil na méideanna sonraithe ina leith i nótaí buiséid na línte ábhartha buiséid faoin Teideal seo

*Bunús dlí*

Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433 I , 22.12.2020, lch. 23).

### 06 05 01 *An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 240 311 354 | 221 000 000 | 188 005 975 | 275 000 000 | 354 121 493,65 | 140 327 992,24 |

*Barúlacha*

Déanann an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta idirghabháil i ngach céim den timthriall bainistithe tubaistí: tá a chosc, ullmhacht agus freagairt, agus a raon feidhme geografach laistigh agus lasmuigh den Aontas araon.

Maidir le cosc, tá sé mar aidhm leis an sásra go háirithe cultúr comhroinnte coisc a chothú le gníomhaíochtaí a thacaíonn agus a chuireann chun cinn iarrachtaí na mBallstát ar mheasúnú riosca agus laghdú riosca, amhail comhroinnt dea-chleachtais, tiomsú agus scaipeadh faisnéise ó Bhallstáit maidir le gníomhaíochtaí um bainistíocht riosca lena n-áirítear trí thionscadail trasteorann, athbhreithnithe piaraí, agus misin chomhairleacha. Soláthraítear leis an sásra freisin maoiniú chun straitéisí um bainistiú riosca tubaistí Ballstát a fhorbairt agus tacú le forbairt tionscadal lena ndéantar infheistíochtaí um bainistiú riosca tubaistí a ghiaráil.

Tacaítear le hiarrachtaí ullmhachta, go háirithe, trí acmhainneachtaí cosanta sibhialta a chomhthiomsú i bhfoirm an Díorma Eorpaigh um Chosaint Shibhialta (ECPP), agus trí acmhainneachtaí breise a fhorbairt ar leibhéal an Aontais chun iarrachtaí náisiúnta a chomhlánú (cúlchiste rescEU agus céim idirthréimhseach rescEU). Cuirtear feabhas ar an ullmhacht freisin trí spriocanna uile-Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí a fhorbairt, oiliúint, cleachtaí, na cleachtais is fearr a mhalartú agus saineolaithe, atá faoi scáth Líonra Eolais um Chosaint Shibhialta an Aontais. Tacaíonn an sásra freisin leis an staidéar agus an fhorbairt ar bhrath tubaistí agus ar chórais luathrabhaidh, agus cuireann sé anailís eolaíoch agus tacaíocht shaineolach chun cinn.

Maidir leis an ngné idirnáisiúnta, éascaíonn an sásra comhar le tíortha an mhéadaithe agus le tíortha faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa i réimse an bhainistithe tubaistí, trí thionscadail, oiliúint agus idirphlé beartais a mhaoiniú.

I ndáil le freagairt, rannchuidíonn an sásra tríd an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha (ERCC) le cur chun feidhme mear agus éifeachtúil acmhainneachtaí náisiúnta, mhodúil ECPP agus/nó a acmhainneachtaí féin, chomh maith le himlonnú saineolaithe oilte agus foirne cosanta sibhialta AE le haghaidh oibríochtaí i mBallstáit nó stáit rannpháirteacha, agus in aon tríú tír. Soláthraíonn an sásra tacaíocht airgeadais agus tacaíocht oibríochtúil agus éascaíonn sé comhordú.

***06 05 01*** *(Ar lean.)*

Cumhdaítear leis an airteagal seo freisin réimse leathan gníomhaíochtaí cothrománacha a thacaíonn le feidhmiú ceart an tsásra. Áirítear orthu sin, i measc nithe eile, gníomhaíochtaí cumarsáide, tacaíocht tionscadail agus TF le hoibríochtaí, agus gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le forbairt beartais, amhail ceardlanna, seimineáir, tionscadail, staidéir, suirbhéanna, samhaltú, forbairt cásanna agus pleanáil theagmhasach, chomh maith le hiniúchtaí agus meastóireachtaí.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 8 507 022 | 6 6 0 0 |
| Tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar | 815 000 | 6 1 1 2 |

***06 05 99*** ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

06 05 99 01 Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo i réimse na cosanta sibhialta laistigh den Aontas a thabhairt i gcrích (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 38 908 000 | p.m. | 35 402 558 | 0,— | 84 319 303,76 |

*Bunús dlí*

Cinneadh 1999/847/CE ón gComhairle an 9 Nollaig 1999 lena mbunaítear clár gníomhaíochta Comhphobail i réimse na cosanta sibhialta (IO L 327, 21.12.1999, lch. 53).

Cinneadh Uimh. 2850/2000/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2000 lena mbunaítear creat le haghaidh comhair Comhphobail i réimse an truaillithe mara de thimpiste nó d'aon turas (IO L 332, 28.12.2000, lch. 1).

Cinneadh 2001/792/CE, Euratom ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2001 lena mbunaítear sásra Comhphobail chun comhar treisithe in idirghabhálacha cúnaimh cosanta sibhialta a éascú (IO L 297, 15.11.2001, lch. 7).

Cinneadh 2007/162/CE, Euratom ón gComhairle an 5 Márta 2007 lena mbunaítear Ionstraim Airgeadais um Chosaint Shibhialta (IO L 71, 10.3.2007, lch. 9).

Cinneadh 2007/779/CE, Euratom ón gComhairle an 8 Samhain 2007 lena mbunaítear Sásra Comhphobail um Chosaint Shibhialta (IO L 314, 1.12.2007, lch. 9).

**CAIBIDIL 06 05 — AN SÁSRA AONTAIS UM CHOSAINT SHIBHIALTA** *(Ar lean.)*

***06 05 99*** *(Ar lean.)*

06 05 99 01 *(Ar lean.)*

Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

Rialachán (AE) 2018/1475 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos creat dlíthiúil an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 agus Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE (IO L 250, 4.10.2018, lch. 1).

06 05 99 02 Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo i réimse na cosanta sibhialta i dtríú tíortha a thabhairt i gcrích (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 1 617 299 | 0,— | 7 924 658,97 |

*Bunús dlí*

Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

**CAIBIDIL 06 06 — CLÁR EU4HEALTH**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 06 06 | CLÁR EU4HEALTH | | | | | | | | |
| **06 06 01** | ***Clár EU4Health*** | 2.2 | 726 723 832 | 652 000 000 | 715 121 072 | 578 212 378 | 821 946 309,— | 143 533 104,19 | 22,01 |
| **06 06 99** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 06 06 99 01 | Cláir sláinte poiblí roimhe seo a thabhairt i gcrích (roimh 2021) | 2.2 | p.m. | 10 000 000 | p.m. | 24 500 000 | 0,— | 29 480 168,03 | 294,80 |
| | *Airteagal 06 06 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 10 000 000 | p.m. | 24 500 000 | 0,— | 29 480 168,03 | 294,80 |
| | **Caibidil 06 06 — IOMLÁN** | | **726 723 832** | **662 000 000** | **715 121 072** | **602 712 378** | **821 946 309,—** | **173 013 272,22** | **26,13** |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433 I , 22.12.2020, lch. 23).

Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ('Clár EU4Health') don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1).

### *06 06 01 Clár EU4Health*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 726 723 832 | 652 000 000 | 715 121 072 | 578 212 378 | 821 946 309,— | 143 533 104,19 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 06 — TÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT*

**CAIBIDIL 06 06 — CLÁR EU4HEALTH** *(Ar lean.)*

***06 06 01*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas oibríochtúil faoi Chlár EU4Health a chumhdach. Is é an cuspóir atá leis daoine san Aontas a chosaint ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte; feabhas a chur san Aontas ar infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht leigheasra, feistí leighis, agus táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, agus tacú le nuálaíocht maidir leis na táirgí sin; córais sláinte agus lucht saothair cúraim sláinte a láidriú, lena n-áirítear trí chlaochlú digiteach agus trí chomhtháthú méadaithe agus obair chomhordaithe i measc Ballstát, cur chun feidhme marthanach an chleachtais is fearr agus comhroinnt sonraí; agus chun leibhéal ginearálta na sláinte poiblí a mhéadú.

Tá Clár EU4Health le freastal ar chreat láidir dlíthiúil agus airgeadais le haghaidh cosc, ullmhacht agus freagairt ar ghéarchéim sláinte san Aontas. Treisíonn an clár seo acmhainneacht náisiúnta agus acmhainneacht an Aontais le haghaidh pleanáil theagmhasach agus cuirfear ar chumas na mBallstát dul i ngleic i gcomhpháirt le comhbhagairtí sláinte, go háirithe bagairtí trasteorann, i gcás inar féidir le hidirghabháil an Aontais luach inláimhsithe a chur leis. Comhlánaíonn an clár beartais sláinte na mBallstát agus tacaíonn sé le 'cur chuige Aon Sláinte Amháin', i gcás inarb infheidhme, le torthaí sláinte a fheabhsú trí chórais sláinte athléimneacha, éifeachtúil ó thaobh acmhainní agus cuimsitheacha ar fud na mBallstát, trí rialú agus faireachas galar níos fearr, cur chun cinn na sláinte, rochtain, diagnóis agus cóir leighis, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne ailse chomh maith le comhoibriú trasteorann maidir le sláinte. Tabharfar aghaidh leis an gclár seo freisin ar ghalair neamhtheagmhálacha, a léiríodh a bheith ina ndeitéarmanant láidir den mhortlaíocht ó COVID-19.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| CSTE-LEE | 25 726 024 | 6 | 6 | 0 | 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ('Clár EU4Health') don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1).

***06 06 99*** ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

**CAIBIDIL 06 06 — CLÁR EU4HEALTH** *(Ar lean.)*

***06 06 99*** *(Ar lean.)*

06 06 99 01 Cláir sláinte poiblí roimhe seo a thabhairt i gcrích (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 10 000 000 | p.m. | 24 500 000 | 0,— | 29 480 168,03 |

*Bunús dlí*

Cinneadh Uimh. 1786/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2002 lena mbunaítear an dara clár gníomhaíochta Comhphobail i réimse na sláinte (2003-2008) (IO L 271, 9.10.2002, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 1350/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear an dara clár gníomhaíochta Comhphobail i réimse na sláinte (2008-2013) (IO L 301, 20.11.2007, lch. 3).

Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir le tríú Clár a bhunú do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1350/2007/CE (IO L 86, 21.3.2014, lch. 1).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 06 — TÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT*

**CAIBIDIL 06 07 — TACAÍOCHT ÉIGEANDÁLA LAISTIGH DEN AONTAS**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 06 07 | TACAÍOCHT ÉIGEANDÁLA LAISTIGH DEN AONTAS | | | | | | | | |
| **06 07 01** | ***Tacaíocht éigeandála laistigh den Aontas*** | 2.2 | p.m. | 1 999 028 | p.m. | 5 878 000 | 0,— | 134 020 439,97 | 6 704,28 |
| | **Caibidil 06 07 — IOMLÁN** | | **p.m.** | **1 999 028** | **p.m.** | **5 878 000** | **0,—** | **134 020 439,97** | **6 704,28** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas chun tacú leis na gníomhaíochtaí faoin tacaíocht éigeandála laistigh den Aontas. I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2016/369 ón gComhairle an 15 Márta 2016 maidir le tacaíocht éigeandála a chur ar fáil laistigh den Aontas (IO L 70, 16.3.2016, lch. 1).

Rialachán (AE) 2020/521 ón gComhairle an 14 Aibreán 2020 lena ngníomhachtaítear an tacaíocht éigeandála faoi Rialachán (AE) 2016/369, agus lena leasaítear na forálacha lena mbaineann agus an ráig COVID-19 á cur san áireamh (IO L 117, 15.4.2020, lch. 3).

**06 07 01** ***Tacaíocht éigeandála laistigh den Aontas***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 1 999 028 | p.m. | 5 878 000 | 0,— | 134 020 439,97 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar maoiniú oibríochtaí tacaíochta éigeandála le freagairt ar riachtanais phráinneacha agus eisceachtúla i mBallstáit mar thoradh ar thubaiste nádúrtha nó de dhéanamh an duine, i gcás gníomhachtú ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2016/369.

**CAIBIDIL 06 07 — TACAÍOCHT ÉIGEANDÁLA LAISTIGH DEN AONTAS** *(Ar lean.)*

***06 07 01*** *(Ar lean.)*

Soláthróidh tacaíocht éigeandála freagairt éigeandála bunaithe ar riachtanais, ag comhlánú freagairt na mBallstát a ndéantar difear dóibh, dírithe ar an mbeatha a chaomhnú, ar fhulaingt an duine a chosc agus a mhaolú agus ar dhínit an duine a chothabháil. D'fhéadfadh freagairt éigeandála cúnamh, faoiseamh agus, i gcás inar gá, oibríochtaí cosanta a chuimsiú chun beatha a thabhairt slán agus a chaomhnú i dtubaistí nó díreach tar éis tubaistí.

Tar éis ghníomhachtú trí Rialachán (AE) 2020/521 ón gComhairle na tacaíochta éigeandála le dul i ngleic le ráig COVID-19 i mí Aibreáin 2020, tá an leithreasú seo beartaithe chun freagairt cheart ón Aontas a áirithiú le dul i ngleic leis an ngéarchéim sláinte lena mbaineann.

Tá an tacaíocht éigeandála beartaithe chun raon leathan uirlisí a thabhairt don Aontas i gcomhréir le méid mór phaindéim COVID-19. Ceadaíonn an tacaíocht éigeandála riachtanas-bhunaithe seo don Aontas bearta spriocdhírithe a úsáid le dul i ngleic go straitéiseach leis na riachtanais a bhaineann le géarchéim COVID-19 i gcás inar fearr aghaidh a thabhairt ar scála, luas nó cineál trasteorann na réiteach is gá trí idirghabháil chomhordaithe Aontais. Comhlánaíonn tacaíocht éigeandála den sórt sin iarrachtaí na mBallstát agus cúnamh a sholáthraítear trí ionstraimí eile an Aontais.

Le gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais cumasaítear aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim reatha trí, *inter alia*:

— comhaontuithe Réamhcheannaigh le forbróirí/monaróirí vacsaín COVID-19 a mhaoiniú.

— táirgí fíor-riachtanacha a bhaineann le sláinte a sholáthar agus a dháileadh chuig Ballstáit, lena n-áirítear éadach cosanta d'fhoireann ospidéal, soláthairtí tástála, teiripic, diagnóisic agus oiliúint.

— lastas leighis fíor-riachtanaigh a iompar (lena n-áirítear trealamh cosanta pearsanta chun beatha daoine a shábháil, trealamh tástála agus leighis amhail PPEnna, aerálaithe, maisc, leigheasra, etc.).

— comhar trasteorann chun brú a mhaolú ar chórais sláinte i réigiúin an Aontais is mó a bhfuil tionchar orthu, lena n-áirítear othair óna dteastaíonn cabhair a iompar chuig ospidéil trasteorann ar féidir leo acmhainneacht saor in aisce a thairiscint chomh maith le tacaíocht a thabhairt chun foirne agus pearsanra leighis a iompar lena n-áirítear costais oibriúcháin,

— trialacha cliniciúla a mhaoiniú chun fianaise chliniciúil a ghiniúint chun athearraíocht a bhaint as cóireálacha reatha chun cóir leighis a chur ar othair COVID-19, chomh maith le plasma téarnaimh COVID-19 a bhailiú chun go mbeidh níos mó de ar fáil mar chóir leighis díreach d'othair COVID-19.

— saoráidí agus acmhainneacht tástála a mhéadú i mBallstáit agus oiliúint a chur ar bhaill foirne bhreise chun sampláil agus anailís a dhéanamh.

— daingniú acmhainneachtaí leighis agus cur chun feidhme saoráidí cúraim sláinte sealadacha agus síneadh sealadach le saoráidí cúraim sláinte atá ann cheana chun brú a bhaint de struchtúir reatha agus acmhainneacht an chúraim sláinte fhoriomláin a mhéadú.

— róbait dífhabhtaithe ultraivialait (UV) a sholáthar agus a bhronnadh ar ospidéil ar fud an Aontais.

— rannchuidiú le rianú teagmhálaithe trasteorann a neartú trí ardán digiteach an Aontais a nascann aipeanna náisiúnta rianaithe teagmhálaithe agus rabhaidh, chomh maith le hardán malartaithe an Aontais a nascann córais Fhoirm Aimsithe Paisinéirí.

— tacú le heisiúint agus fíorú deimhnithe vacsaínithe, torthaí tástála agus téarnaimh ó COVID-19 atá idir-inoibritheach, chun saorghluaiseacht a éascú.

**CAIBIDIL 06 07 — TACAÍOCHT ÉIGEANDÁLA LAISTIGH DEN AONTAS** *(Ar lean.)*

***06 07 01*** *(Ar lean.)*

— rannchuidiú le rianú teagmhálaithe a neartú trí chóras faireacháin fuíolluisce an Aontais a bhunú.

Féadfaidh an leithreasú seo aon cheann de na gníomhaíochtaí a bhaineann le cabhair dhaonnúil atá incháilithe do mhaoiniú an Aontais a chumhdach, agus d'fhéadfaidís dá réir sin cúnamh, faoiseamh agus, i gcás inar gá, oibríochtaí cosanta a chuimsiú chun beatha a thabhairt slán agus a chaomhnú i dtubaistí nó díreach tar éis tubaistí.

Féadfaidh an leithreasú seo a úsáid freisin chun caiteachas eile a mhaoiniú a bhaineann go díreach le tacaíocht éigeandála a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/521.

**CAIBIDIL 06 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 06 10 | GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE | | | | | | | | |
| ***06 10 01*** | ***An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú*** | 2.2 | 72 422 185 | 72 422 185 | 85 925 465 | 85 925 465 | 94 528 522,— | 94 528 255,72 | 130,52 |
| ***06 10 02*** | ***An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia*** | 2.2 | 153 330 047 | 149 504 321 | 150 541 250 | 142 786 220 | 145 860 649,— | 131 155 342,— | 87,73 |
| ***06 10 03*** | ***An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach*** | | | | | | | | |
| 06 10 03 01 | Rannchuidiú an Aontais leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach | 2.2 | 9 540 957 | 9 540 957 | 10 438 340 | 10 438 340 | 31 407 840,— | 31 407 839,18 | 329,19 |
| 06 10 03 02 | Ranníocaíocht speisialta le haghaidh táirgí íocshláinte dílleachtacha | 2.2 | 14 000 000 | 14 000 000 | 14 000 000 | 14 000 000 | 12 543 840,— | 12 543 840,— | 89,60 |
| | *Airteagal 06 10 03 — Fo-iomlán* | | 23 540 957 | 23 540 957 | 24 438 340 | 24 438 340 | 43 951 680,— | 43 951 679,18 | 186,70 |
| | **Caibidil 06 10 — IOMLÁN** | | **249 293 189** | **245 467 463** | **260 905 055** | **253 150 025** | **284 340 851,—** | **269 635 276,90** | **109,85** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas riaracháin agus foirne na ngníomhaireachtaí díláraithe (Teideal 1 agus Teideal 2) agus, i gcás inarb infheidhme, caiteachas oibríochtúil a bhaineann leis an gclár oibre (Teideal 3).

Leagtar pleananna bunaíochta na ngníomhaireachtaí amach in Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

Ní mór do na gníomhaireachtaí Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi aistrithe leithreasuithe idir caiteachas oibríochtúil agus riaracháin.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó triú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, méideanna a aisíoctar i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna mbunú faoin CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1), na nithe sin agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, is nithe iad as a n-eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha agus cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 06 — TÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT*

**CAIBIDIL 06 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

### *06 10 01 An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 72 422 185 | 72 422 185 | 85 925 465 | 85 925 465 | 94 528 522,— | 94 528 255,72 |

*Barúlacha*

Foráiltear le hAirteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 gurb é seo a leanas misean an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú:

— Chun feabhas a chur ar acmhainneacht an Aontais agus na mBallstát chun sláinte an duine a chosaint trí ghalair theagmhálacha i ndaoine agus fadhbanna sláinte speisialta lena mbaineann a chosc agus a rialú, is é an misean atá ag an Lárionad bagairtí atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn ar shláinte an duine ó ghalair theagmhálacha agus fadhbanna sláinte speisialta lena mbaineann a shainaithint, measúnú a dhéanamh orthu, tuairisciú orthu agus, i gcás inarb iomchuí, a áirithiú go ndéanfar faisnéis faoi na bagairtí sin a chur i láthair ar bhealach sorochtana. Gníomhaíonn an Lárionad i gcomhoibriú le comhlachtaí inniúla na mBallstát nó ar a thionscnamh féin, trí líonra tiomnaithe. Is é an misean atá ag an Lárionad freisin moltaí eolaíochtbhunaithe a sholáthar agus tacaíocht a thabhairt i dtaca leis an bhfreagairt a chomhordú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, chomh maith leis an leibhéal trasteorann idir-réigiúnach agus réigiúnach, i leith bagairtí den sórt sin, i gcás inarb iomchuí. Agus moltaí den sórt sin á dtabhairt ag an Lárionad, oibreoidh sé, i gcás inar gá, i gcomhar leis na Ballstáit agus cuirfidh sé na pleananna bainistíochta géarchéime náisiúnta atá ann cheana agus imthosca faoi seach gach Ballstáit san áireamh.

— I gcás ráigeanna eile galar de bhunús anaithnid a d'fhéadfadh scaipeadh laistigh den Aontas nó chuig an Aontas, feidhmíonn an Lárionad ar a thionscnamh féin go dtí go mbeidh foinse na ráige ar eolas. I gcás ráig ar léir nach ráig galair theagmhálaigh í, ní fheidhmíonn an Lárionad ach i gcomhar leis na comhlachtaí inniúla comhordúcháin agus arna iarraidh sin dóibh, agus déanfaidh sé measúnú riosca a sholáthar.

— Agus a mhisean á chomhlíonadh aige, urramaítear an Lárionad freagrachtaí na mBallstát, an Choimisiúin agus comhlachtaí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, agus freagrachtaí tríú tíortha agus na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta atá gníomhach i réimse na sláinte poiblí, go háirithe EDS, chun a áirithiú gur ann do chuimsitheacht, comhleanúnachas agus comhlántacht gníomhaíochta agus go ndéantar gníomhaíochtaí a chomhordú.

— Tacaíonn an Lárionad le hobair an Choiste Slándála Sláinte (CSS), a bunaíodh le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/2371 an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte, lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE (IO L 314, 6.12.2022, lch. 26), na Comhairle, na mBallstát agus, i gcás inarb ábhartha, struchtúr eile de chuid an Aontais, chun comhleanúnachas éifeachtach a chur chun cinn idir a ngníomhaíochtaí faoi seach agus chun freagairtí ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a chomhordú, laistigh dá shainordú.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 90 288 652 |
| *méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (Airteagal ioncaim 6 6 2)* | 17 866 467 |
| Méid arna iontráil sa bhuiséad | 72 422 185 |

**CAIBIDIL 06 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

***06 10 01*** *(Ar lean.)*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim):

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 2 592 714 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (IO L 142, 30.4.2004, lch. 1).

Rialachán (AE) 2022/2370 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear lárionad Eorpach um ghalair a chosc agus a rialú (IO L 314, 6.12.2022, lch. 1-25).

*Gníomhartha tagartha*

Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin – Doiciméad a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle – Gníomhaíochtaí an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú ar ghalair theagmhálacha: na torthaí dearfach ó bunaíodh an Lárionad agus na gníomhaíochtaí pleanáilte agus na riachtanais maidir le hacmhainní (COM(2008)0741 / SEC(2008) 2792).

***06 10 02*** ***An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 153 330 047 | 149 504 321 | 150 541 250 | 142 786 220 | 145 860 649,— | 131 155 342,— |

*Barúlacha*

Is é an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) an bhunchloch de chóras um measúnú riosca an Aontais don bhia agus sábháilteacht bia. Tá a chomhairle eolaíoch maidir le rioscaí reatha agus atá ag teacht chun cinn mar bhonn taca faoi bheartais agus chinntí bainisteoirí riosca in institiúidí an Aontais agus i mBallstáit agus é de chuspóir acu sláinte tomhaltóirí a chosaint. Is é an tiomantas is géire a thugann an tÚdarás comhairle oibiachtúil, thrédhearcach agus neamhspleách a thabhairt agus cumarsáid shoiléir a sholáthar bunaithe ar na modheolaíochtaí eolaíochta, an fhaisnéis agus na sonraí cothrom le dáta atá ar fáil. Tá an tÚdarás tiomanta do chroí-chaighdeáin na sármhaitheasa eolaíochta, d'oscailteacht, trédhearcacht, neamhspleáchas agus freagrúlacht.

Áirítear i bplean bunaíochta an Údaráis, mar Chathaoirleach reatha ar an Líonra Gníomhaireachtaí, post amháin chun post a chruthú do Cheannaire Oifig Tacaíochta Comhroinnte sa Bhruiséil. Tá sé mar aidhm leis seo gnóthachain éifeachtúlachta agus sineirgí a chur chun cinn thar ghníomhaireachtaí agus leis na hinstitiúidí, ionas gur féidir le gníomhaireachtaí aonair a n-acmhainní a dhíriú ar chroí-thascanna. Roinnfear an maoiniú don phost mar Cheannaire Oifig Tacaíochta Comhroinnte idir na gníomhaireachtaí, agus dá bhrí sin ní theastaíonn aon mhaoiniú breise don Údarás chuige seo.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 154 028 000 |
| *méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (Airteagal ioncaim 6 6 2)* | 697 953 |
| Méid arna iontráil sa bhuiséad | 153 330 047 |

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim):

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 5 427 884 | 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

Rialachán (AE) 2019/1381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le trédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú an Aontais ar rioscaí sa bhiashlabhra lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 1829/2003, (CE) Uimh. 1831/2003, (CE) Uimh. 2065/2003, (CE) Uimh. 1935/2004, (CE) Uimh. 1331/2008, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) 2015/2283 agus Treoir 2001/18/CE (IO L 231, 6.9.2019, lch. 1).

**06 10 03** ***An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach***

06 10 03 01 Rannchuidiú an Aontais leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 9 540 957 | 9 540 957 | 10 438 340 | 10 438 340 | 31 407 840,— | 31 407 839,18 |

*Barúlacha*

D'fhonn cosaint sláinte daoine agus ainmhithe agus tomhaltóirí táirgí íocshláinte a chur chun cinn ar fud an Aontais, agus d'fhonn comhlánú an mhargaidh inmheánaigh a chur chun cinn trí chinntí rialála aonfhoirmeacha a ghlacadh bunaithe ar na critéir eolaíochta a bhaineann le táirgí íocshláinte a chur ar an margadh agus a úsáid, is é an cuspóir atá ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) an chomhairle eolaíochta is fearr agus is féidir a sholáthar do na Ballstáit agus d'institiúidí an Aontais ar aon cheist maidir le meastóireacht ar cháilíocht, sábháilteacht, agus éifeachtúlacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta, i gcomhréir le forálacha reachtaíocht an Aontais a bhaineann le táirgí íocshláinte.

***06 10 03*** *(Ar lean.)*

06 10 03 01 *(Ar lean.)*

Le Rialachán (AE) 2022/123, treisíodh ról an EMA maidir le hullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis, rud a chuir ar a chumas do EMA dlúthfhaireachán a dhéanamh ar na ganntanais táirgí leighis agus iad a mhaolú, agus éascú a dhéanamh ar fhormheas níos tapa ar na cógais a d'fhéadfadh galar a chóireáil nó a chosc, ar galar é is cúis le géarchéim sláinte poiblí. Tar éis idirthréimhse tosaigh, déanfaidh EMA comhordú freisin ar fhreagairtí na mBallstát ar ghanntanais feistí leighis criticiúla i gcás géarchéime.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 20 000 000 |
| *méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (ioncam sannta 6 6 2)* | 10 459 043 |
| Méid arna iontráil sa bhuiséad | 9 540 957 |

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim):

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 341 566 | 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 297/95 ón gComhairle an 10 Feabhra 1995 maidir le táillí is iníoctha leis an nGníomhaireacht Eorpach um Meastóireacht ar Tháirgí Íocshláinte (IO L 35, 15.2.1995, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1999 maidir le táirgí íocshláinte dílleachtacha (IO L 18, 22.1.2000, lch. 1).

Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáide tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1) (in ionad Rialachán (CEE) Uimh. 2309/93 ón gComhairle).

Rialachán (CE) Uimh. 2049/2005 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2005 lena ndéantar, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, rialacha a leagan síos maidir le híoc táillí leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach ag micrifhiontair agus ag fiontair bheaga agus mheánmhéide agus maidir le cúnamh riaracháin a fhaigheann na fiontair sin ón nGníomhaireacht (IO L 329, 16.12.2005, lch. 4).

Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le táirgí íocshláinte le haghaidh úsáid phéidiatraiceach agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1768/92, Treoir 2001/20/CE, Treoir 2001/83/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 (IO L 378, 27.12.2006, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 1394/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le táirgí íocshláinte ardteiripe agus lena leasaítear Treoir 2001/83/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 (IO L 324, 10.12.2007, lch. 121).

**CAIBIDIL 06 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

***06 10 03*** *(Ar lean.)*

06 10 03 01 *(Ar lean.)*

Rialachán (CE) Uimh. 1234/2008 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2008 maidir le hathruithe ar théarmaí na n-údaruithe margaíochta do tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus táirgí íocshláinte tréidliachta a scrúdú (IO L 334, 12.12.2008, lch. 7).

Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarmhar a bhunú do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90 ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 152, 16.6.2009, lch. 11).

Rialachán (CE) Uimh. 668/2009 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2009 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1394/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le meastóireacht agus deimhniú cáilíochta agus sonraí neamhchliniciúla a bhaineann le táirgí íocshláinte ardteiripe arna bhforbairt ag micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (IO L 194, 25.7.2009, lch. 7).

Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le trialacha cliniciúla ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/20/CE (IO L 158, 27.5.2014, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 658/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le táillí is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach chun gníomhaíochtaí faireachais cógas a dhéanamh i ndáil le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 189, 27.6.2014, lch. 112).

Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1).

Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176).

Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirge íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

Rialachán (AE) Uimh. 2022/123 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 maidir le ról atreisithe don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach in ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis (IO L 20, 31.1.2022, lch. 1).

06 10 03 02 Ranníocaíocht speisialta le haghaidh táirgí íocshláinte dílleachtacha

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 14 000 000 | 14 000 000 | 14 000 000 | 14 000 000 | 12 543 840,— | 12 543 840,— |

*Barúlacha*

Leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 nós imeachta de chuid an Aontais le haghaidh táirgí íocshláinte a ainmniú mar tháirgí íocshláinte dílleachtacha agus soláthraítear ann dreasachtaí i gcomhair taighde a dhéanamh ar tháirgí íocshláinte dílleachtacha ainmnithe, chun iad a fhorbairt agus chun iad a chur ar an margadh.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an ranníocaíocht dá ndéantar foráil in Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 141/2000, in ionad an chinn dá ndéantar foráil in Airteagal 67 de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004. Úsáideann an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach go heisiach é chun neamh-inghnóthú iomlán nó páirteach íocaíochtaí dlite as táirge íocshláinte dílleachtach a chúiteamh.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais<br>*méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (ioncam sannta 6 6 2)* | 14 000 000 |
| Méid arna iontráil sa bhuiséad | 14 000 000 |

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim):

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 501 200 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 297/95 ón gComhairle an 10 Feabhra 1995 maidir le táillí is iníoctha leis an nGníomhaireacht Eorpach um Meastóireacht ar Tháirgí Íocshláinte (IO L 35, 15.2.1995, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1999 maidir le táirgí íocshláinte dílleachtacha (IO L 18, 22.1.2000, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáide tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 2022/123 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 maidir le ról atreisithe don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach in ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna do tháirgí íocshláinte agus d’fheistí leighis (IO L 20, 31.1.2022, lch. 1).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 06 — TÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT*

**CAIBIDIL 06 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 06 20 | TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | | | | | | | | |
| **06 20 01** | ***Treoirthionscadail*** | 2.2 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 777 560,95 | |
| **06 20 04** | ***Gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus cumhachtaí sonracha arna dtabhairt don Choimisiún*** | | | | | | | | |
| 06 20 04 01 | Comhordú agus faireachas ar an aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, lena n-áirítear an euro agus cumarsáid maidir leis | 2.2 | 12 097 771 | 11 800 000 | 12 000 000 | 11 000 000 | 12 907 535,95 | 11 479 126,98 | 97,28 |
| | *Airteagal 06 20 04 — Fo-iomlán* | | 12 097 771 | 11 800 000 | 12 000 000 | 11 000 000 | 12 907 535,95 | 11 479 126,98 | 97,28 |
| | **Caibidil 06 20 — IOMLÁN** | | **12 097 771** | **11 800 000** | **12 000 000** | **11 000 000** | **12 907 535,95** | **12 256 687,93** | **103,87** |

### *06 20 01 Treoirthionscadail*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 777 560,95 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go maoineofar cur chun feidhme treoirthionscadal, ar treoirthionscadail iad atá de chineál turgnamhach arna gceapadh chun tástáil a dhéanamh ar a indéanta agus ar a úsáidí atá gníomhaíochtaí.

Leagtar liosta na dtreoirthionscadal amach san Iarscríbhinn ‘Treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin’ a ghabhann leis an roinn seo, faoi Chaibidil PP 06.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**CAIBIDIL 06 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE**
*(Ar lean.)*

***06 20 04 Gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus cumhachtaí sonracha arna dtabhairt don Choimisiún***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go maoineofar caiteachas a bhaineann le cúraimí a eascraíonn as sainphribhléidí an Choimisiúin ar an leibhéal institiúideach.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (d), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

06 20 04 01 Comhordú agus faireachas ar an aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, lena n-áirítear an euro agus cumarsáid maidir leis

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 12 097 771 | 11 800 000 | 12 000 000 | 11 000 000 | 12 907 535,95 | 11 479 126,98 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas a bhaineann le Clár Comhpháirteach Comhchuibhithe an Aontais maidir le Suirbhéanna Gnó agus Tomhaltóirí a chur i bhfeidhm sna Ballstáit agus sna tíortha is iarrthóirí. Tosaíodh an clár le Cinneadh ón gCoimisiún i mí na Samhna 1961 agus modhnaíodh é trí bhíthin cinntí ón gComhairle agus ón gCoimisiún ina dhiaidh sin. Formheasadh go deireanach é le Cinneadh C(97) 2241 ón gCoimisiún an 15 Iúil 1997 agus cuireadh i láthair go deireanach é i dTeachtaireacht C(2016) 6634 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2016.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go gcumhdófar costais staidéar, ceardlann, comhdhálacha, anailísí, meastóireachtaí, foilseachán, cúnaimh theicniúil, bunachar sonraí agus bogearraí a cheannach agus a choinneáil ar bun; bogearraí; trealamh agus páirtmhaoiniú agus tacaíocht do bhearta a bhaineann le:

— faireachas ar an mbeartas fioscach lena n-áirítear faireachán ar staideanna fioscacha,

— measúnú ar thrasuí agus iarratas ag Ballstáit de chreat rialachais fioscaigh an Aontais a thacaíonn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta (AEA),

— faireachán eacnamaíoch agus anailís ar bheartais eacnamaíocha,

— gnéithe seachtracha de AEA,

— forbairtí eacnamaíocha sa limistéar euro,

— athchóirithe struchtúracha faireacháin agus oibríocht margaí in AEA agus san Aontas a fheabhsú,

COIMISIÚN
*TEIDEAL 06 — TÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT*

**CAIBIDIL 06 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***06 20 04*** *(Ar lean.)*

06 20 04 01 *(Ar lean.)*

— comhordú le hinstitiúidí airgeadais agus anailís ar fhorbairt margaí airgeadais, agus oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe a bhaineann le Ballstáit,

— an tsaoráid trína soláthraítear cúnamh airgeadais i leith chomhardú íocaíochtaí na mBallstát,

— comhar le hoibreoirí eacnamaíocha agus cinnteoirí sna réimsí a luaitear sna fleasca roimhe seo,

— AEA a dhoimhniú agus a leathnú,

— trealamh a cheannach, bogearraí a fhorbairt, cothabháil agus oiliúint ghaolmhar chun an euro a chosaint ar ghóchumadh.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go gcumhdófar maoiniú beart faisnéise tosaíochta ar bheartais an Aontais maidir le gach gné de na rialacha agus feidhmiú AEA, chomh maith le tairbhí comhordaithe beartais níos dlúithe agus athchóirithe struchtúracha, agus chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais eolais atá ag príomh-pháirtithe leasmhara agus ag saoránaigh, i ndáil le AEA.

Tá an beart seo ceaptha chun bheith ina mhodh cumarsáide agus idirphlé éifeachtach idir saoránaigh an Aontais agus institiúidí an Aontais, agus chun saintréithe náisiúnta agus réigiúnacha sonracha a chur san áireamh, i gcás inarb iomchuí i gcomhar le húdaráis na mBallstát. Cuirfear béim freisin ar shaoránaigh a ullmhú le haghaidh thabhairt isteach an euro i mBallstáit atá ag beartú é a thabhairt isteach.

Áirítear ann:

— forbairt gníomhaíochtaí cumarsáide ar leibhéal lárnach (bróisiúir, bileoga faisnéise, dearadh suímh gréasáin, forbairt agus cothabháil, na meáin shóisialta, taispeántais, seastáin, comhdhálacha, seimineáir, táirgí closamhairc, pobalbhreitheanna, suirbhéanna, ábhar bolscaireachta, comórtais dearadh boinn, cláir nasctha, oiliúint etc.), agus gníomhaíochtaí comhchosúla ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach arna gcur chun feidhme i gcomhar le hIonadaíochtaí an Choimisiúin,

— comhaontuithe comhpháirtíochta le Ballstáit ar mian leo faisnéis a sholáthar faoin euro nó faoi AEA,

— comhar agus líonrú le Ballstáit sna fóraim iomchuí,

— tionscnaimh chumarsáide i dtríú tíortha, go háirithe chun ról idirnáisiúnta an euro agus luach an chomhtháthaithe airgeadais a thabhairt le fios.

Déantar cur chun feidhme straitéis cumarsáide an Choimisiúin i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le Parlaimint na hEorpa.

Glacann an Coimisiún straitéis agus plean oibre bliantúil lena dtarraingítear ar an treoshuíomh a leagtar amach sa Teachtaireacht uaidh an 11 Lúnasa 2004 (COM(2004)0552) agus tuairiscíonn sé go tráthrialta chuig an gcoiste ábhartha i bParlaimint na hEorpa maidir le cur chun feidhme na straitéise agus maidir leis an bpleanáil le haghaidh na bliana dár gcionn.

**CAIBIDIL 06 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE**
*(Ar lean.)*

***06 20 04*** *(Ar lean.)*

06 20 04 01 *(Ar lean.)*

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(1997) 2241 ón gCoimisiún an 15 Iúil 1997 lena bhformheastar Clár Comhpháirteach Comhchuibhithe an Aontais maidir le Suirbhéanna Gnó agus Tomhaltóirí, in éineacht le teachtaireacht COM(2000) 770 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2000, teachtaireacht COM(2006) 379 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2006, teachtaireacht SEC(2012) 227 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2012 agus teachtaireacht C(2016) 6634 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2016, lena dtugtar cothrom le dáta an cinneadh tosaigh *inter alia* i dtéarmaí raon feidhme geografach an chinnidh.

Cinneadh 2005/37/CE ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2004 lena mbunaítear Lárionad Eolaíochta agus Teicniúla na hEorpa (ETSC) agus lena bhforáiltear do chomhordú gníomhaíochtaí teicniúla chun boinn an euro a chosaint ar ghóchumadh (IO L 19, 21.1.2005, lch. 73).

*TEIDEAL 07*

**INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA**

# TEIDEAL 07

# INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA

**Achoimre ghinearálta ar leithreasuithe (2024 agus 2023) agus ar an olltoradh (2022)**

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 07 01 | CAITEACHAS TACAÍOCHTA RIARACHÁIN NA BRAISLE 'INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA' | 108 000 107 | 108 000 107 | 102 379 825 | 102 379 825 | 94 680 062,50 | 94 680 062,50 |
| 07 02 | CISTE SÓISIALTA NA HEORPA PLUS (CSE+) | 16 867 137 252 | 6 931 481 007 | 16 859 496 491 | 12 459 215 179 | 15 963 827 783,57 | 14 164 734 960,— |
| 07 03 | ERASMUS+ | 3 738 992 637 | 3 465 000 000 | 3 614 429 241 | 3 237 501 000 | 3 355 367 154,— | 3 230 772 117,65 |
| 07 04 | AN CÓR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPACH | 136 985 873 | 131 641 000 | 137 298 196 | 117 220 000 | 134 710 226,— | 125 420 054,98 |
| 07 05 | EORAIP NA CRUTHAITHEACHTA | 311 159 522 | 342 135 144 | 310 328 116 | 289 999 987 | 386 622 035,— | 292 823 830,23 |
| 07 06 | SAORÁNAIGH, COMHIONANNAS, CEARTA AGUS LUACHANNA | 209 489 763 | 215 590 866 | 205 958 792 | 147 246 455 | 206 575 882,17 | 145 238 738,47 |
| 07 07 | CEARTAS | 40 691 000 | 37 416 968 | 41 125 000 | 38 717 603 | 42 657 000,— | 37 980 259,02 |
| 07 10 | GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE AGUS OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH | 292 687 169 | 284 390 169 | 267 812 848 | 262 624 848 | 244 737 181,— | 234 887 009,26 |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | *2 158 000* | *1 693 000* | *3 666 000* | *3 666 000* | | |
| | | 294 845 169 | 286 083 169 | 271 478 848 | 266 290 848 | 244 737 181,— | 234 887 009,26 |
| 07 20 | TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | 216 804 579 | 212 668 026 | 220 740 454 | 220 436 910 | 224 152 746,27 | 217 553 812,29 |
| | **Teideal 07 — IOMLÁN** | **21 921 947 902** | **11 728 323 287** | **21 759 568 963** | **16 875 341 807** | **20 653 330 070,51** | **18 544 090 844,40** |
| | ***Cúlchistí (30 02 02)*** | ***2 158 000*** | ***1 693 000*** | ***3 666 000*** | ***3 666 000*** | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | **21 924 105 902** | **11 730 016 287** | **21 763 234 963** | **16 879 007 807** | **20 653 330 070,51** | **18 544 090 844,40** |

# TEIDEAL 07

# INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA

## CAIBIDIL 07 01 — CAITEACHAS TACAÍOCHTA RIARACHÁIN NA BRAISLE 'INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA'

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 07 01 | CAITEACHAS TACAÍOCHTA RIARACHÁIN NA BRAISLE 'INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA' | | | | | |
| ***07 01 01*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+)*** | | | | | |
| 07 01 01 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh CSE+ — Bainistíocht roinnte | 2.1 | 7 125 000 | 6 500 000 | 7 066 114,21 | 99,17 |
| 07 01 01 02 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh na sraithe maidir le Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta | 2.2 | 2 000 000 | 2 000 000 | 1 364 443,29 | 68,22 |
| | *Airteagal 07 01 01 — Fo-iomlán* | | 9 125 000 | 8 500 000 | 8 430 557,50 | 92,39 |
| ***07 01 02*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Erasmus+*** | | | | | |
| 07 01 02 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh Erasmus+ | 2.2 | 25 549 654 | 24 515 210 | 23 533 315,— | 92,11 |
| 07 01 02 75 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr — Ranníocaíocht ó Erasmus+ | 2.2 | 31 589 239 | 29 580 986 | 26 839 969,— | 84,97 |
| | *Airteagal 07 01 02 — Fo-iomlán* | | 57 138 893 | 54 096 196 | 50 373 284,— | 88,16 |
| ***07 01 03*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh*** | | | | | |
| 07 01 03 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh | 2.2 | 5 474 022 | 5 310 720 | 5 154 992,— | 94,17 |
| 07 01 03 75 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr — Ranníocaíocht ón gCór Dlúthpháirtíochta Eorpaigh | 2.2 | 1 560 352 | 1 587 404 | 1 562 546,— | 100,14 |
| | *Airteagal 07 01 03 — Fo-iomlán* | | 7 034 374 | 6 898 124 | 6 717 538,— | 95,50 |

**CAIBIDIL 07 01 — CAITEACHAS TACAÍOCHTA RIARACHÁIN NA BRAISLE 'INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA'** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ***07 01 04*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Eoraip na Cruthaitheachta*** | | | | | |
| 07 01 04 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh Eoraip na Cruthaitheachta | 2.2 | 5 783 624 | 5 671 200 | 4 591 061,— | 79,38 |
| 07 01 04 75 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr — Ranníocaíocht ó Eoraip na Cruthaitheachta | 2.2 | 17 844 986 | 16 791 005 | 15 314 886,— | 85,82 |
| | *Airteagal 07 01 04 — Fo-iomlán* | | 23 628 610 | 22 462 205 | 19 905 947,— | 84,25 |
| ***07 01 05*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Saoránach, Comhionannais, Ceart agus Luachanna*** | | | | | |
| 07 01 05 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh Saoránach, Comhionannais, Ceart agus Luachanna | 2.2 | 2 000 000 | 2 000 000 | 1 990 734,— | 99,54 |
| 07 01 05 75 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr — Ranníocaíocht ón gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna | 2.2 | 7 973 230 | 7 323 300 | 6 292 002,— | 78,91 |
| | *Airteagal 07 01 05 — Fo-iomlán* | | 9 973 230 | 9 323 300 | 8 282 736,— | 83,05 |
| ***07 01 06*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Ceartais*** | 2.2 | 1 100 000 | 1 100 000 | 970 000,— | 88,18 |
| | **Caibidil 07 01 — IOMLÁN** | | **108 000 107** | **102 379 825** | **94 680 062,50** | **87,67** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas de chineál riaracháin ag a bhfuil nasc díreach le gnóthú chuspóirí na gclár nó na mbeart a thagann faoin mbraisle seo, agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

**CAIBIDIL 07 01 — CAITEACHAS TACAÍOCHTA RIARACHÁIN NA BRAISLE 'INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA'** *(Ar lean.)*

***07 01 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+)***

*Barúlacha*

Le cois an chaiteachais ar a dtugtar tuairisc ar sa chaibidil seo, tá sé beartaithe freisin leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar phearsanra seachtrach ag an gceanncheathrú (foireann ar conradh, saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó foireann na gníomhaireachta).

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 07 02.

07 01 01 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh CSE+ — Bainistíocht roinnte

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 7 125 000 | 6 500 000 | 7 066 114,21 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar bearta cúnaimh theicniúil arna gcistiú ag CSE+ faoi Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2021/1060.

Féadfar an leithreasú seo a úsáid chun na nithe seo a leanas a chumhdach go háirithe:

— caiteachas tacaíochta (costais ionadaíochta, oiliúint, cruinnithe, misin agus aistriúcháin),

— caiteachas ar phearsanra seachtrach ag an gceanncheathrú (foireann ar conradh, saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó foireann na gníomhaireachta), lena n-áirítear misin a bhaineann leis an bpearsanra seachtrach a mhaoinítear faoin mír sin.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Fáltais ó EURI | 1 000 000 | 5 0 4 0 |

07 01 01 02 Caiteachas tacaíochta le haghaidh na sraithe maidir le Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 000 000 | 2 000 000 | 1 364 443,29 |

**CAIBIDIL 07 01 — CAITEACHAS TACAÍOCHTA RIARACHÁIN NA BRAISLE 'INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA'** *(Ar lean.)*

***07 01 01*** *(Ar lean.)*

07 01 01 02 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar cúnamh teicniúil agus riaracháin le haghaidh chur chun feidhme shraith CSE+ maidir le Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta (EaSI) amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 70 800 6 6 0 0 |

***07 01 02*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Erasmus+***

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 07 03.

07 01 02 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh Erasmus+

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 25 549 654 | 24 515 210 | 23 533 315,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin chun an clár Erasmus+ a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 914 678 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 941 295 6 1 2 1 |

**CAIBIDIL 07 01 — CAITEACHAS TACAÍOCHTA RIARACHÁIN NA BRAISLE 'INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA'** *(Ar lean.)*

***07 01 02*** *(Ar lean.)*

07 01 02 75 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr — Ranníocaíocht ó Erasmus+

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 31 589 239 | 29 580 986 | 26 839 969,— |

*Barúlacha*

Cuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr gníomhaíochtaí áirithe de chuid an chláir Erasmus+ a chur chun feidhme. Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais oibriúcháin na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin sin a tabhaíodh de thoradh chur chun feidhme ghníomhaíochtaí an chláir Erasmus+ agus de thoradh chur i gcrích na gclár a bhí ann roimhe.

Leagtar plean bunaíochta na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr amach san Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 1 130 895 | 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 1 163 806 | 6 1 2 1 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Féach Caibidil 07 03.

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2022) 5057 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2022 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr d'fhonn cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse an oideachais, an chlosamhairc agus an chultúir, na saoránachta agus na dlúthpháirtíochta, lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh C(2021) 951 final.

**CAIBIDIL 07 01 — CAITEACHAS TACAÍOCHTA RIARACHÁIN NA BRAISLE 'INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA'** *(Ar lean.)*

***07 01 03 Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh***

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 07 04.

07 01 03 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 5 474 022 | 5 310 720 | 5 154 992,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar cúnamh teicniúil agus riaracháin chun clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 11 495 | 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 267 756 | 6 1 2 2 |

07 01 03 75 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr — Ranníocaíocht ón gCór Dlúthpháirtíochta Eorpaigh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 560 352 | 1 587 404 | 1 562 546,— |

*Barúlacha*

Cuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr gníomhaíochtaí áirithe de chuid chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a chur chun feidhme. Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais oibriúcháin na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin sin a tabhaíodh de thoradh chur chun feidhme ghníomhaíochtaí chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus de thoradh chur i gcrích na gclár a bhí ann roimhe.

Leagtar plean bunaíochta na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr amach san Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

**CAIBIDIL 07 01 — CAITEACHAS TACAÍOCHTA RIARACHÁIN NA BRAISLE 'INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA'** *(Ar lean.)*

***07 01 03*** *(Ar lean.)*

07 01 03 75 *(Ar lean.)*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 3 277 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 76 323 6 1 2 2 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Féach Caibidil 07 04.

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2022) 5057 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2022 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr d'fhonn cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse an oideachais, an chlosamhairc agus an chultúir, na saoránachta agus na dlúthpháirtíochta, lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh C(2021) 951 final.

***07 01 04*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Eoraip na Cruthaitheachta***

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 07 05.

07 01 04 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh Eoraip na Cruthaitheachta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 5 783 624 | 5 671 200 | 4 591 061,— |

**CAIBIDIL 07 01 — CAITEACHAS TACAÍOCHTA RIARACHÁIN NA BRAISLE 'INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA'** *(Ar lean.)*

***07 01 04*** *(Ar lean.)*

07 01 04 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin chun clár Eoraip na Cruthaitheachta a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 207 054 | 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 12 447 | 6 1 2 3 |

07 01 04 75 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr — Ranníocaíocht ó Eoraip na Cruthaitheachta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 17 844 986 | 16 791 005 | 15 314 886,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais oibriúcháin na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr a tabhaíodh trí rannpháirtíocht na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin sin i mbainistíocht Chlár Eoraip na Cruthaitheachta agus de thoradh chur i gcrích na gclár a bhí ann roimhe.

Leagtar plean bunaíochta na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr amach san Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 638 850 | 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 85 287 | 6 1 2 3 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

**CAIBIDIL 07 01 — CAITEACHAS TACAÍOCHTA RIARACHÁIN NA BRAISLE 'INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA'** *(Ar lean.)*

***07 01 04*** *(Ar lean.)*

07 01 04 75 *(Ar lean.)*

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Féach Caibidil 07 05.

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2022) 5057 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2022 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr d'fhonn cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse an oideachais, an chlosamhairc agus an chultúir, na saoránachta agus na dlúthpháirtíochta, lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh C(2021) 951 final.

***07 01 05*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Saoránach, Comhionannais, Ceart agus Luachanna***

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 07 06.

07 01 05 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh Saoránach, Comhionannais, Ceart agus Luachanna

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 000 000 | 2 000 000 | 1 990 734,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin chun an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise.

**CAIBIDIL 07 01 — CAITEACHAS TACAÍOCHTA RIARACHÁIN NA BRAISLE 'INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA'** *(Ar lean.)*

***07 01 05*** *(Ar lean.)*

07 01 05 75 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr — Ranníocaíocht ón gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 7 973 230 | 7 323 300 | 6 292 002,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais oibriúcháin na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr a tabhaíodh trí rannpháirtíocht na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin sin i mbainistíocht an chláir um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus de thoradh chur i gcrích na gclár a bhí ann roimhe.

Leagtar plean bunaíochta na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr amach san Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

*Bunús dlí*

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Féach Caibidil 07 06.

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2022) 5057 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2022 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr d'fhonn cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse an oideachais, an chlosamhairc agus an chultúir, na saoránachta agus na dlúthpháirtíochta, lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh C(2021)951 final.

***07 01 06*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Ceartais***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 100 000 | 1 100 000 | 970 000,— |

**CAIBIDIL 07 01 — CAITEACHAS TACAÍOCHTA RIARACHÁIN NA BRAISLE 'INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA'** *(Ar lean.)*

***07 01 06*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin chun an Clár um Cheartas a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 07 07.

**CAIBIDIL 07 02 — CISTE SÓISIALTA NA HEORPA PLUS (CSE+)**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 07 02 | CISTE SÓISIALTA NA HEORPA PLUS (CSE+) | | | | | | | | |
| **07 02 01** | ***Sraith CSE+ faoi bhainistíocht roinnte – Caiteachas oibríochtúil*** | 2.1 | 16 691 627 518 | 2 700 000 000 | 16 682 950 899 | 993 367 205 | 15 794 197 866,56 | 1 457 520 865,25 | 53,98 |
| **07 02 02** | ***Sraith CSE+ faoi bhainistíocht roinnte – Cúnamh teicniúil oibríochtúil*** | 2.1 | 24 000 000 | 19 000 000 | 24 000 000 | 22 000 000 | 21 779 081,77 | 10 525 479,09 | 55,40 |
| **07 02 03** | ***An Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) — Ranníocaíocht ó CSE+*** | 2.1 | 19 172 829 | p.m. | 18 803 471 | p.m. | 18 354 848,— | 0,— | |
| **07 02 04** | ***CSE+ — an tsraith maidir le Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta (EaSI)*** | 2.2 | 91 500 000 | 72 000 000 | 91 500 000 | 77 000 000 | 84 975 580,24 | 50 912 237,19 | 70,71 |
| **07 02 05** | ***Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) — Maoiniú faoi REACT-EU*** | | | | | | | | |
| 07 02 05 01 | CSE — Caiteachas oibríochtúil — Maoiniú faoi REACT-EU | 2.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 07 02 05 02 | CSE — Cúnamh teicniúil oibríochtúil — Maoiniú faoi REACT-EU | 2.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| | *Airteagal 07 02 05 — Fo-iomlán* | | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| **07 02 06** | ***An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) — Maoiniú faoi REACT-EU*** | | | | | | | | |
| 07 02 06 01 | FEAD — Caiteachas oibríochtúil — Maoiniú faoi REACT-EU | 2.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 07 02 06 02 | FEAD — Cúnamh teicniúil oibríochtúil — Maoiniú faoi REACT-EU | 2.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| | *Airteagal 07 02 06 — Fo-iomlán* | | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |

**CAIBIDIL 07 02 — CISTE SÓISIALTA NA HEORPA PLUS (CSE+)** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| ***07 02 07*** | ***An Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg (TFAO) — Maoiniú faoi REACT-EU*** | | | | | | | | |
| 07 02 07 01 | TFAO — Caiteachas oibríochtúil — Maoiniú faoi REACT-EU | 2.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| | *Airteagal 07 02 07 — Fo-iomlán* | | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| ***07 02 08*** | ***Ciste InvestEU — Ranníocaíocht ó CSE+*** | 2.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| ***07 02 09*** | ***An Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (BMVI) — Ranníocaíocht ó CSE+*** | 2.1 | 30 836 905 | 14 981 007 | 30 242 121 | 8 767 277 | 29 520 407,— | 0,— | |
| ***07 02 10*** | ***An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) — Ranníocaíocht ó CSE+*** | 2.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| ***07 02 11*** | ***Fís Eorpach — Ranníocaíocht ó CSE+*** | 2.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| ***07 02 12*** | ***An Clár don Eoraip Dhigiteach — Ranníocaíocht ó CSE+*** | 2.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| ***07 02 13*** | ***Erasmus+ — Ranníocaíocht ó CSE+*** | 2.1 | 10 000 000 | 12 000 000 | 12 000 000 | 6 000 000 | 15 000 000,— | 0,— | |
| ***07 02 14*** | ***An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – Ranníocaíocht ó CSE+*** | 2.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| ***07 02 99*** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 07 02 99 01 | CSE a chur i gcrích — Caiteachas oibríochtúil (roimh 2021) | 2.1 | p.m. | 3 800 000 000 | p.m. | 10 732 880 722 | 0,— | 12 096 832 749,34 | 318,34 |
| 07 02 99 02 | CSE a chur i gcrích — Cúnamh teicniúil oibríochtúil (roimh 2021) | 2.1 | p.m. | 2 500 000 | p.m. | 2 500 000 | 0,— | 5 224 630,12 | 208,99 |

**CAIBIDIL 07 02 — CISTE SÓISIALTA NA HEORPA PLUS (CSE+)** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **07 02 99** | *(Ar lean.)* | | | | | | | | |
| 07 02 99 03 | TFAO a chur i gcrích (2014-2020) | 2.1 | p.m. | 200 000 000 | p.m. | 200 000 000 | 0,— | 150 183 300,— | 75,09 |
| 07 02 99 04 | FEAD a chur i gcrích (2014-2020) | 2.1 | p.m. | 100 000 000 | p.m. | 400 000 000 | 0,— | 358 036 721,14 | 358,04 |
| 07 02 99 05 | Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta agus gníomhaíochtaí eile roimhe seo a bhaineann leis a chur i gcrích (roimh 2021) | 2.2 | p.m. | 11 000 000 | p.m. | 16 200 000 | 0,— | 34 386 763,68 | 312,61 |
| 07 02 99 06 | CSE a chur i gcrích — Airteagal 25 (roimh 2021) | 2.1 | p.m. | p.m. | p.m. | 499 975 | 0,— | 1 112 214,19 | |
| | *Airteagal 07 02 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 4 113 500 000 | p.m. | 11 352 080 697 | 0,— | 12 645 776 378,47 | 307,42 |
| | **Caibidil 07 02 — IOMLÁN** | | **16 867 137 252** | **6 931 481 007** | **16 859 496 491** | **12 459 215 179** | **15 963 827 783,57** | **14 164 734 960,—** | **204,35** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas tacaíochta do na Ballstáit ionas go ngnóthóidh siad ardleibhéil fostaíochta, cosaint chóir shóisialta agus lucht oibre oilte athléimneach a bheidh ullamh don saol oibre amach anseo, mar aon le caiteachas i ndáil le tacaíocht do bheartais na mBallstát chun comhionannas deiseanna, rochtain ar an margadh saothair, dálaí oibre córa, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta a áirithiú, agus i ndáil leis na beartais sin a chomhlánú agus luach a chur leo.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

Ina theannta sin, agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/2094, is as ioncam sannta seachtrach de thoradh fáltas ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh arna iontráil sa ráiteas ioncaim a eascraíonn soláthar leithreasuithe do na cláir arna maoiniú faoin REACT-EU faoi Theidil 05 agus 07 do mhéid iomlán EUR 50 620 000 000 i ngealltanais. B’éigean suimeanna den sórt sin a bheith geallta go dlíthiúil roimh dheireadh 2023 cé is moite den chaiteachas riaracháin a bhfuil na méideanna sonraithe ina leith i nótaí buiséid na línte buiséid ábhartha faoin Teideal seo.

**CAIBIDIL 07 02 — CISTE SÓISIALTA NA HEORPA PLUS (CSE+)** *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 ina leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (IO L 72, 12.3.2014, lch. 1).

Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 23).

Rialachán (AE) 2020/2221 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní breise agus socruithe cur chun feidhme chun cúnamh a chur ar fáil chun leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagair (REACT-EU) (IO L 437, 28.12.2020, lch. 30).

Rialachán (AE) 2021/177 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim a bhaineann le ráig COVID-19 (IO L 53, 16.2.2021, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21).

Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

***07 02 01 Sraith CSE+ faoi bhainistíocht roinnte – Caiteachas oibríochtúil***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 16 691 627 518 | 2 700 000 000 | 16 682 950 899 | 993 367 205 | 15 794 197 866,56 | 1 457 520 865,25 |

**CAIBIDIL 07 02 — CISTE SÓISIALTA NA HEORPA PLUS (CSE+)** *(Ar lean.)*

***07 02 01*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhfuil sé mar aidhm aige éagothromaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus críochacha atá tagtha aníos a laghdú, go háirithe i dtíortha agus i réigiúin a bhfuil a bhforbairt tite ar gcúl, i ndáil leis an athstruchtúrú eacnamaíoch agus sóisialta a bhrostú, leis an aistriú chuig fuinneamh glan, le digitiú an ionaid oibre, le fás scileanna agus ganntanas saothair agus i ndáil le himpleachtaí agus tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh, lena n-áirítear aosú an daonra, chun Eoraip níos sóisialta a chruthú. Tá an méid sin le déanamh i gcomhréir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

Cumhdófar leis na trí chatagóir réigiún seo a leanas:

— réigiúin lagfhorbartha, ag a bhfuil OTI *per capita* faoi bhun 75 % de mheán-OTI an Aontais,

— réigiúin thrasdula, ag a bhfuil OTI *per capita* idir 75 % agus 100 % de mheán-OTI an Aontais,

— réigiúin níos forbartha, ag a bhfuil OTI *per capita* os cionn 100 % de mheán-OTI an Aontais.

Ba cheart cur chun cinn an chomhionannais idir mná agus fir, go cothrománach agus trí bhearta sonracha, a bheith mar chuid den tacaíocht a thugann CSE+ chun rannphháirtíocht na mban san fhostaíocht a mhéadú chomh maith le comhréiteach idir an saol oibre agus an saol pearsanta agus baineannú na bochtaineachta agus idirdhealú ar bhonn gnéis sa mhargadh saothair, san oideachas agus san oiliúint a chomhrac.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 935 678 711 | 6 1 2 0 |

***07 02 02*** ***Sraith CSE+ faoi bhainistíocht roinnte – Cúnamh teicniúil oibríochtúil***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 24 000 000 | 19 000 000 | 24 000 000 | 22 000 000 | 21 779 081,77 | 10 525 479,09 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na bearta cúnaimh theicniúil arna gcistiú ag CSE+ dá bhforáiltear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2021/1060.

Le cúnamh teicniúil, féadfar tacú le bearta ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta, meastóireachta agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach faoi thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, le bearta infheictheachta agus le gach gníomhaíocht riaracháin agus cúnaimh theicniúil is gá chun reachtaíocht maidir le cistí an Aontais a chur chun feidhme.

***07 02 02*** *(Ar lean.)*

Féadfar é a úsáid chun na nithe seo a leanas a chumhdach go háirithe:

— caiteachas a bhaineann le teicneolaíocht IT, lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise chorparáideach, agus le seirbhísí a bhaineann leis,

— caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí cumarsáide, scaipthe agus múscailte feasachta, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach agus imeachtaí corparáideacha,

— caiteachas a bhaineann le staidéir, iniúchtaí agus meastóireachtaí,

— gníomhaíochtaí chun acmhainneacht a fhothú.

***07 02 03*** ***An Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) — Ranníocaíocht ó CSE+***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 19 172 829 | p.m. | 18 803 471 | p.m. | 18 354 848,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcomhlánófar acmhainní CUAC tar éis iarrataí ó Bhallstáit, ar bhonn deonach, maidir le suas le huasmhéid 15 % de leithdháileadh náisiúnta tosaigh CSE+ a aistriú go CUAC de bhun Airteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/1060. Déanfar acmhainní arna n-aistriú a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha CUACIs ar bhonn na ndúshlán a shainaithnítear sna pleananna críochacha um aistriú a dhéanfar an cinneadh acmhainní a aistriú ar bhonn deonach ó CSE+.

***07 02 04*** ***CSE+ — an tsraith maidir le Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta (EaSI)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 91 500 000 | 72 000 000 | 91 500 000 | 77 000 000 | 84 975 580,24 | 50 912 237,19 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go maoineofar cur chun feidhme shraith EaSI an chláir CSE+. Is é cuspóir ginearálta an tsnáithe EaSI fostaíocht, rochtain chomhionann ar an margadh saothair, ar oideachas agus ar oiliúint, agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí thacaíocht airgeadais a sholáthar le haghaidh chuspóirí an Aontais.

Chun na cuspóirí ginearálta a bhaint amach, arb iad ardleibhéal fostaíochta a chur chun cinn, cosaint shóisialta leormhaith a ráthú, eisiamh sóisialta agus bochtaineacht a chomhrac, feabhas a chur ar dhálaí oibre agus sábháilteacht agus sláinte oibrithe a chosaint, le sraith EaSI, táthar leis na nithe seo a leanas a dhéanamh go háirithe:

***07 02 04*** *(Ar lean.)*

- eolas ardcháilíochta anailíseach comparáideach a fhorbairt agus a scaipeadh chun a áirithiú go mbeidh na beartais ghaolmhara bunaithe ar fhianaise fhónta agus go mbeidh siad ábhartha do riachtanais, do dhúshláin, agus do dhálaí áitiúla,
- éascaíocht a dhéanamh do chomhroinnt faisnéise éifeachtach chuimsitheach, d'fhoghlaim fhrithpháirteach, d'athbhreithnithe piaraí agus d'idirphlé i leith beartais ghaolmhara ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta chun cuidiú le bearta beartais iomchuí a dhearadh,
- tacú le tástáil shóisialta sna réimsí gaolmhara agus acmhainneacht na bpáirtithe leasmhara ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil a mhéadú chun na nuálaíochtaí i mbeartas sóisialta a tástáladh a ullmhú, a dhearadh, a chur chun feidhme, a aistriú nó a uas-scálú, go háirithe i dtaca le huas-scálú na dtionscadal a d'fhorbair geallsealbhóirí áitiúla i réimse an lánpháirtithe shocheacnamaíoch le haghaidh náisiúnaigh tríú tír,
- soghluaisteacht gheografach dheonach oibrithe a éascú agus deiseanna fostaíochta a mhéadú trí sheirbhísí tacaíochta sonracha a sholáthar d'fhostóirí agus do chuardaitheoirí poist d'fhonn margaí saothair Eorpacha comhtháite a fhorbairt, idir sheirbhísí ullmhúcháin ag an gcéim réamhearcaíochta agus cúnamh i ndiaidh an tsocrúcháin chun folúntais a líonadh i gcás earnálacha, gairmeacha beatha, tíortha nó réigiúin teorann áirithe, nó na seirbhísí sin a sholáthar do ghrúpaí áirithe (amhail daoine i gcúinsí leochaileacha),
- tacú le forbairt an éiceachórais margaidh maidir le soláthar an mhicreamhaoinithe do mhicrifhiontair atá i gcéim an tionscnaimh agus na forbartha, go háirithe más iad daoine leochaileacha a chruthaigh iad nó má fhostaítear daoine leochaileacha iontu,
- tacú le líonrú ar leibhéal an Aontais agus le hidirphlé le páirtithe leasmhara ábhartha agus i measc na ngeallsealbhóirí sin sna réimsí beartais gaolmhara, agus rannchuidiú le hacmhainneacht institiúideach na ngeallsealbhóirí rannpháirteacha a fhothú, lena n-áirítear na seirbhísí poiblí fostaíochta, institiúidí poiblí slándála sóisialta agus árachais sláinte, an tsochaí shibhialta, institiúidí micreamhaoiniúcháin agus institiúidí a sholáthraíonn maoiniú d'fhiontair shóisialta agus don gheilleagar sóisialta,
- tacú le forbairt fiontar sóisialta agus le teacht chun cinn margaidh infheistíochta sóisialta, agus dá bharr sin éascaíocht a dhéanamh d'idirghníomhaíochtaí poiblí agus príobháideacha agus do rannpháirtíocht fondúireachtaí agus gníomhaithe daonchairdis sa mhargadh sin,
- treoraíocht a thabhairt faoi fhorbairt an bhonneagair shóisialta is gá chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme,
- tacú le comhar trasnáisiúnta chun dlús a chur le haistriú réiteach nuálach, agus chun uas-scálú na réiteach nuálach a éascú, go háirithe le haghaidh na réimsí beartais gaolmhara,
- tacú le cur chun feidhme caighdeán ábhartha idirnáisiúnta sóisialta agus saothair i gcomhthéacs leas a bhaint as an domhandú agus as an ngné sheachtrach de bheartais an Aontais sna réimsí beartais gaolmhara.

Tabharfar tacaíocht do ghníomhaíochtaí incháilithe a bhaineann leis an tsraith EaSI a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí anailíseacha, cur chun feidhme beartas, fothú acmhainneachta, agus cumarsáid agus craobhscaoileadh. In Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2021/1057, leagtar amach na gníomhaíochtaí a fhéadfar a mhaoiniú.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA*

**CAIBIDIL 07 02 — CISTE SÓISIALTA NA HEORPA PLUS (CSE+)** *(Ar lean.)*

***07 02 04*** *(Ar lean.)*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 3 239 100 | 6 6 0 0 |
| Tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar | 295 000 | 6 1 2 0 |

***07 02 05*** ***Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) — Maoiniú faoi REACT-EU***

07 02 05 01 CSE — Caiteachas oibríochtúil — Maoiniú faoi REACT-EU

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar tacaíocht CSE faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis chun tacú le hoibríochtaí a chothaíonn leigheas dhíobháil na géarchéime i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 sna réigiúin a bhfuil a ngeilleagar agus a gcuid post is mó buailte dá deasca agus le téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú do na geilleagair sin.

07 02 05 02 CSE — Cúnamh teicniúil oibríochtúil — Maoiniú faoi REACT-EU

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na bearta ullmhúcháin, faireacháin, cúnaimh theicniúil, meastóireachta, iniúchta agus rialaithe is gá, mar aon leis an gcumarsáid chorparáideach is gá, chun Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a chur chun feidhme dá bhforáiltear in Airteagal 58 agus Airteagal 118 den Rialachán sin.

**CAIBIDIL 07 02 — CISTE SÓISIALTA NA HEORPA PLUS (CSE+)** *(Ar lean.)*

### *07 02 06 An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) — Maoiniú faoi REACT-EU*

07 02 06 01 FEAD — Caiteachas oibríochtúil — Maoiniú faoi REACT-EU

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar leithreasuithe arna gcur chun feidhme tar éis an leithdháileadh ar chláir a fhaigheann tacaíocht ó FEAD a mhéadú go deonach as an gclúdach REACT-EU.

07 02 06 02 FEAD — Cúnamh teicniúil oibríochtúil — Maoiniú faoi REACT-EU

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an cúnamh teicniúil dá bhforáiltear in Airteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 223/2014.

Cumhdaítear le cúnamh teicniúil na bearta ullmhúcháin, faireacháin, iniúchta, faisnéise, rialaithe agus meastóireachta is gá chun Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a chur chun feidhme, mar aon le gníomhaíochtaí eile de bhun Airteagal 10 den Rialachán sin.

### *07 02 07 An Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg (TFAO) — Maoiniú faoi REACT-EU*

07 02 07 01 TFAO — Caiteachas oibríochtúil — Maoiniú faoi REACT-EU

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

**CAIBIDIL 07 02 — CISTE SÓISIALTA NA HEORPA PLUS (CSE+)** *(Ar lean.)*

***07 02 07*** *(Ar lean.)*

07 02 07 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar leithreasuithe arna gcur chun feidhme tar éis an leithdháileadh ar chláir a fhaigheann tacaíocht ó TFAO a mhéadú go deonach as an gclúdach REACT-EU.

***07 02 08*** ***Ciste InvestEU — Ranníocaíocht ó CSE+***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcomhlánófar acmhainní Chiste InvestEU tar éis iarrataí ó Bhallstáit sna Comhaontuithe Comhpháirtíochta nó in iarraidh ar chlár a leasú chun suas le 5 % de leithdháileadh náisiúnta tosaigh CSE+ a aistriú go InvestEU de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/1060. Déanfar acmhainní arna n-aistriú a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha InvestEU agus tá siad le húsáid le haghaidh an tsoláthair don chuid sin de ráthaíocht AE faoi urrann an Bhallstáit ar thabhairt i gcrích an chomhaontaithe ranníocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2021/523.

***07 02 09*** ***An Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (BMVI) — Ranníocaíocht ó CSE+***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 30 836 905 | 14 981 007 | 30 242 121 | 8 767 277 | 29 520 407,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcomhlánófar acmhainní BMVI tar éis iarrataí ó Bhallstáit sna Comhaontuithe Comhpháirtíochta nó in iarraidh ar chlár a leasú chun suas le 5 % de leithdháileadh náisiúnta tosaigh CSE+ a aistriú chuig BMVI de bhun Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2021/1060. Déanfar acmhainní arna n-aistriú a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha BMVI agus chun leas an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann.

**CAIBIDIL 07 02 — CISTE SÓISIALTA NA HEORPA PLUS (CSE+)** *(Ar lean.)*

### *07 02 10 An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) — Ranníocaíocht ó CSE+*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcomhlánófar acmhainní CEMID tar éis iarrataí ó Bhallstáit sna Comhaontuithe Comhpháirtíochta nó in iarraidh ar chlár a leasú chun suas le 5 % de leithdháileadh náisiúnta tosaigh CSE+ a aistriú chuig CEMID de bhun Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2021/1060. Déanfar acmhainní arna n-aistriú a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha CEMID agus chun leas an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann.

### *07 02 11 Fís Eorpach — Ranníocaíocht ó CSE+*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcomhlánófar acmhainní Fhís Eorpach tar éis iarrataí ó Bhallstáit sna Comhaontuithe Comhpháirtíochta nó in iarraidh ar chlár a leasú chun suas le 5 % de leithdháileadh náisiúnta tosaigh CSE+ a aistriú chuig Fís Eorpach de bhun Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2021/1060. Déanfar acmhainní arna n-aistriú a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha Fhís Eorpach agus chun leas an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann.

### *07 02 12 An Clár don Eoraip Dhigiteach — Ranníocaíocht ó CSE+*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

**CAIBIDIL 07 02 — CISTE SÓISIALTA NA HEORPA PLUS (CSE+)** *(Ar lean.)*

**07 02 12** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcomhlánófar acmhainní an Chláir don Eoraip Dhigiteach tar éis iarrataí ó Bhallstáit sna Comhaontuithe Comhpháirtíochta nó in iarraidh ar chlár a leasú chun suas le 5 % de leithdháileadh náisiúnta tosaigh CSE+ a aistriú chuig an an gClár don Eoraip Dhigiteach de bhun Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2021/1060. Déanfar acmhainní arna n-aistriú a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha an Chláir Eoraip Dhigiteach agus chun leas an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann.

**07 02 13** ***Erasmus+ — Ranníocaíocht ó CSE+***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 10 000 000 | 12 000 000 | 12 000 000 | 6 000 000 | 15 000 000,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcomhlánófar acmhainní Erasmus+ tar éis iarrataí ó Bhallstáit sna Comhaontuithe Comhpháirtíochta nó in iarraidh ar chlár a leasú chun suas le 5 % de leithdháileadh náisiúnta tosaigh CSE+ a aistriú chuig Erasmus+ de bhun Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2021/1060. Déanfar acmhainní arna n-aistriú a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha Erasmus+ agus chun leas an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann.

**07 02 14** ***An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – Ranníocaíocht ó CSE+***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcomhlánófar na hacmhainní ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta tar éis iarraidh ó Bhallstát nó ó Bhallstáit sa Chomhaontú Comhpháirtíochta nó in iarraidh ar chlár a leasú chun cuid de leithdháileadh náisiúnta tosaigh CSE+ a aistriú chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta de bhun Airteagail 26 de Rialachán (AE) 2021/1060. Déanfar acmhainní arna n-aistriú a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus chun leas an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann.

## 07 02 99 *Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin airteagal seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo, agus áirítear leo réamh-mhaoiniú clár a bhaineann leis an tréimhse 2014-2020, agus an treoraíocht a thug an Chomhairle Eorpach á cur san áireamh.

### 07 02 99 01 CSE a chur i gcrích — Caiteachas oibríochtúil (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 3 800 000 000 | p.m. | 10 732 880 722 | 0,— | 12 096 832 749,34 |

*Barúlacha*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 872 158 237 | 6 1 2 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CEE) Uimh. 2950/83 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 1983 maidir le cur chun feidhme Chinneadh 83/516/CEE maidir le cúraimí Chiste Sóisialta na hEorpa (IO L 289, 22.10.1983, lch. 1).

Cinneadh 83/516/CEE ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 1983 maidir le cúraimí Chiste Sóisialta na hEorpa (IO L 289, 22.10.1983, lch. 38).

Rialachán (CEE) Uimh. 2052/88 ón gComhairle an 24 Meitheamh 1988 maidir le cúraimí na gCistí Struchtúracha agus lena éifeachtaí atá siad agus maidir lena gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú eatarthu féin, agus le hoibríochtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus leis na hionstraimí airgeadais eile atá ann (IO L 185, 15.7.1988, lch. 9).

Rialachán (CEE) Uimh. 4253/88 ón gComhairle an 19 Nollaig 1988 lena leagtar síos forálacha chun Rialachán (CEE) Uimh. 2052/88 a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le comhordú gníomhaíochtaí na gCistí Struchtúracha éagsúla eatarthu féin, agus le hoibríochtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus leis na hionstraimí airgeadais eile atá ann (IO L 374, 31.12.1988, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 4255/88 ón gComhairle an 19 Nollaig 1988 lena leagtar síos forálacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (CEE) Uimh. 2052/88 a mhéid a bhaineann le Ciste Sóisialta na hEorpa (IO L 374, 31.12.1988, lch. 21).

Rialachán (CE) Uimh. 1784/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 1999 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa (IO L 213, 13.8.1999, lch. 5).

Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir leis na Cistí Struchtúracha (IO L 161, 26.6.1999, lch. 1).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA*

**CAIBIDIL 07 02 — CISTE SÓISIALTA NA HEORPA PLUS (CSE+)** *(Ar lean.)*

***07 02 99*** *(Ar lean.)*

07 02 99 01 *(Ar lean.)*

Cinneadh 1999/501/CE ón gCoimisiún an 1 Iúil 1999 ag socrú leithdháileadh táscach de réir Ballstáit de na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh Chuspóir 1 de na Cistí Struchtúracha don tréimhse 2000 go 2006 (IO L 194, 27.7.1999, lch. 49).

Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1784/1999 (IO L 210, 31.7.2006, lch. 12).

Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle an 11 Iúil 2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 (IO L 210, 31.7.2006, lch. 25).

Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 ina leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 470), agus go háirithe Airteagal 4(3), pointe (c), de.

07 02 99 02 CSE a chur i gcrích — Cúnamh teicniúil oibríochtúil (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 2 500 000 | p.m. | 2 500 000 | 0,— | 5 224 630,12 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CEE) Uimh. 2950/83 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 1983 maidir le cur chun feidhme Chinneadh 83/516/CEE maidir le cúraimí Chiste Sóisialta na hEorpa (IO L 289, 22.10.1983, lch. 1).

Cinneadh 83/516/CEE ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 1983 maidir le cúraimí Chiste Sóisialta na hEorpa (IO L 289, 22.10.1983, lch. 38).

Rialachán (CEE) Uimh. 2088/85 ón gComhairle an 23 Iúil 1985 maidir le cláir chomhtháite na Meánmhara (IO L 197, 27.7.1985, lch. 1).

Rialachán (CEE) Uimh. 2052/88 ón gComhairle an 24 Meitheamh 1988 maidir le cúraimí na gCistí Struchtúracha agus lena éifeachtaí atá siad agus maidir lena gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú eatarthu féin agus le hoibríochtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus leis na hionstraimí airgeadais eile atá ann (IO L 185, 15.7.1988, lch. 9).

**CAIBIDIL 07 02 — CISTE SÓISIALTA NA HEORPA PLUS (CSE+)** *(Ar lean.)*

***07 02 99*** *(Ar lean.)*

07 02 99 02 *(Ar lean.)*

Rialachán (CEE) Uimh. 4253/88 ón gComhairle an 19 Nollaig 1988 lena leagtar síos forálacha chun Rialachán (CEE) Uimh. 2052/88 a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le comhordú gníomhaíochtaí na gCistí Struchtúracha éagsúla eatarthu féin agus le hoibríochtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus leis na hionstraimí airgeadais eile atá ann (IO L 374, 31.12.1988, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 4255/88 ón gComhairle an 19 Nollaig 1988 lena leagtar síos forálacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (CEE) Uimh. 2052/88 a mhéid a bhaineann le Ciste Sóisialta na hEorpa (IO L 374, 31.12.1988, lch. 21).

Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir leis na Cistí Struchtúracha (IO L 161, 26.6.1999, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 1784/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 1999 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa (IO L 213, 13.8.1999, lch. 5).

Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1784/1999 (IO L 210, 31.7.2006, lch. 12).

Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle an 11 Iúil 2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 (IO L 210, 31.7.2006, lch. 25).

Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 ina leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 470).

Rialachán (AE) 2018/1475 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos creat dlíthiúil an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 agus Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE (IO L 250, 4.10.2018, lch. 1).

07 02 99 03 TFAO a chur i gcrích (2014-2020)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 200 000 000 | p.m. | 200 000 000 | 0,— | 150 183 300,— |

**CAIBIDIL 07 02 — CISTE SÓISIALTA NA HEORPA PLUS (CSE+)** *(Ar lean.)*

***07 02 99*** *(Ar lean.)*

07 02 99 03 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 130 892 049 | 6 1 2 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 ina leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 470).

07 02 99 04 FEAD a chur i gcrích (2014-2020)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 100 000 000 | p.m. | 400 000 000 | 0,— | 358 036 721,14 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 ina leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (IO L 72, 12.3.2014, lch. 1).

***07 02 99*** *(Ar lean.)*

07 02 99 05 Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta agus gníomhaíochtaí eile roimhe seo a bhaineann leis a chur i gcrích (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 11 000 000 | p.m. | 16 200 000 | 0,— | 34 386 763,68 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Chomhphobal (IO L 257, 19.10.1968, lch. 2).

Cinneadh Uimh. 1672/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear clár Comhphobail um Fhostaíocht agus um Dhlúthpháirtíocht Shóisialta — Progress (IO L 315, 15.11.2006, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas (IO L 141, 27.5.2011, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta ('EaSI') agus lena leasaítear Cinneadh Uimh. 283/2010/AE lena mbunaítear Saoráid Mhicreamhaoiniúcháin Eorpach le haghaidh um Fhostaíocht agus um Chuimsiú sóisialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 238).

07 02 99 06 CSE a chur i gcrích — Airteagal 25 (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 499 975 | 0,— | 1 112 214,19 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 ina leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 470).

**CAIBIDIL 07 02 — CISTE SÓISIALTA NA HEORPA PLUS (CSE+)** *(Ar lean.)*

***07 02 99*** *(Ar lean.)*

07 02 99 06 *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) 2017/825 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le bunú an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach don tréimhse 2017 go 2020 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 (IO L 129, 19.5.2017, lch. 1).

**CAIBIDIL 07 03 — ERASMUS+**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 07 03 | ERASMUS+ | | | | | | | | |
| ***07 03 01*** | ***Soghluaisteacht foghlama daoine aonair agus grúpaí, agus comhar, cuimsiú agus cothromas, barr feabhais, cruthaitheacht agus nuálaíocht a chur chun cinn ar leibhéal na n-eagraíochtaí agus na mbeartas i réimse an oideachais agus na hoiliúna, a chur chun cinn*** | | | | | | | | |
| 07 03 01 01 | Soghluaisteacht foghlama daoine aonair agus grúpaí, agus comhar, cuimsiú agus cothromas, barr feabhais, cruthaitheacht agus nuálaíocht a chur chun cinn ar leibhéal na n-eagraíochtaí agus na mbeartas i réimse an oideachais agus na hoiliúna, a chur chun cinn — Bainistíocht indíreach | 2.2 | 2 617 731 926 | 2 524 750 000 | 2 400 120 171 | 2 296 250 000 | 2 269 774 626,— | 2 239 252 543,20 | 88,69 |
| 07 03 01 02 | Soghluaisteacht foghlama daoine aonair agus grúpaí, agus comhar, cuimsiú agus cothromas, barr feabhais, cruthaitheacht agus nuálaíocht a chur chun cinn ar leibhéal na n-eagraíochtaí agus na mbeartas i réimse an oideachais agus na hoiliúna, a chur chun cinn — Bainistíocht dhíreach | 2.2 | 656 107 886 | 413 700 000 | 779 041 093 | 407 225 000 | 669 155 911,— | 392 299 297,56 | 94,83 |
| | *Airteagal 07 03 01 — Fo-iomlán* | | 3 273 839 812 | 2 938 450 000 | 3 179 161 264 | 2 703 475 000 | 2 938 930 537,— | 2 631 551 840,76 | 89,56 |
| ***07 03 02*** | ***Soghluaisteacht foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus rannpháirtíocht i measc daoine óga, agus comhar, cuimsiú, cruthaitheacht agus nuálaíocht ar leibhéal na n-eagraíochtaí agus na mbeartas i réimse na hóige, a chur chun cinn*** | 2.2 | 393 913 639 | 374 700 000 | 365 603 266 | 335 000 000 | 351 400 945,— | 275 901 909,29 | 73,63 |
| ***07 03 03*** | ***Soghluaisteacht foghlama na mball foirne spóirt, agus comhar, cáilíocht, cuimsiú, cruthaitheacht agus nuálaíocht ar leibhéal na n-eagraíochtaí spóirt agus na mbeartas spóirt, a chur chun cinn*** | 2.2 | 71 239 186 | 56 700 000 | 69 664 711 | 56 400 000 | 65 035 672,— | 52 571 180,73 | 92,72 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA*

**CAIBIDIL 07 03 — ERASMUS+** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíoch-taí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **07 03 99** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 07 03 99 01 | Cláir Erasmus roimhe seo a chur i gcrích (roimh 2021) | 2.2 | p.m. | 95 150 000 | p.m. | 142 626 000 | 0,— | 270 747 186,87 | 284,55 |
| | *Airteagal 07 03 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 95 150 000 | p.m. | 142 626 000 | 0,— | 270 747 186,87 | 284,55 |
| | **Caibidil 07 03 — IOMLÁN** | | **3 738 992 637** | **3 465 000 000** | **3 614 429 241** | **3 237 501 000** | **3 355 367 154,—** | **3 230 772 117,65** | **93,24** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar Erasmus+: clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, um an óige agus um an spórt. Is é is cuspóir dó tacú le forbairt oideachasúil, ghairmiúil agus phearsanta daoine a bhaineann le réimsí an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt, san Eoraip agus lastall di, agus dá réir sin rannchuidiú le fás inbhuanaithe, le poist ar ardchaighdeán agus le comhtháthú sóisialta agus le féiniúlacht Eorpach agus saoránacht ghníomhach a neartú. Mar sin, tá an clár Erasmus+ le bheith ina phríomhionstraim le haghaidh limistéar Eorpach oideachais a fhorbairt, agus tacaíocht á tabhairt do chur chun feidhme an chomhair straitéisigh Eorpaigh i réimse an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear a chláir oibre earnála bunúsacha, comhar um beartas na hóige a chur chun cinn faoi Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 agus an ghné Eorpach sa spórt a fhorbairt. Déanfaidh an clár Erasmus+ forbairt ar a mbeidh bainte amach ag Bliain Eorpach na hÓige 2022 agus cuirfidh sé le hoidhreacht fhadtéarmach na Bliana sin.

Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an gclár Erasmus+:

— soghluaisteacht foghlama daoine aonair agus grúpaí, agus comhar, cuimsiú agus cothromas, barr feabhais, cruthaitheacht agus nuálaíocht a chur chun cinn ar leibhéal na n-eagraíochtaí agus na mbeartas i réimse an oideachais agus na hoiliúna, a chur chun cinn,

— soghluaisteacht foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus rannpháirtíocht i measc daoine óga, agus comhar, cuimsiú, cruthaitheacht agus nuálaíocht ar leibhéal na n-eagraíochtaí agus na mbeartas i réimse na hóige, a chur chun cinn,

— soghluaisteacht foghlama na mball foirne spóirt, agus comhar, cáilíocht, cuimsiú, cruthaitheacht agus nuálaíocht ar leibhéal na n-eagraíochtaí spóirt agus na mbeartas spóirt, a chur chun cinn.

Tá cuspóirí an chláir Erasmus+ le saothrú trí na trí phríomhghníomhaíocht seo a leanas:

— soghluaisteacht foghlama (‘príomhghníomhaíocht 1’),

— comhar i measc eagraíochtaí agus institiúidí (‘príomhghníomhaíocht 2’),

— tacaíocht d’fhorbairt beartas agus do chomhar (‘príomhghníomhaíocht 3’).

Saothrófar na cuspóirí freisin trí bhearta Jean Monnet.

**CAIBIDIL 07 03 — ERASMUS+** *(Ar lean.)*

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 1).

Cinneadh (AE) 2021/2316 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le Bliain Eorpach na hÓige (2022) (IO L 462, 28.12.2021, lch. 1).

***07 03 01 Soghluaisteacht foghlama daoine aonair agus grúpaí, agus comhar, cuimsiú agus cothromas, barr feabhais, cruthaitheacht agus nuálaíocht a chur chun cinn ar leibhéal na n-eagraíochtaí agus na mbeartas i réimse an oideachais agus na hoiliúna, a chur chun cinn***

07 03 01 01 Soghluaisteacht foghlama daoine aonair agus grúpaí, agus comhar, cuimsiú agus cothromas, barr feabhais, cruthaitheacht agus nuálaíocht a chur chun cinn ar leibhéal na n-eagraíochtaí agus na mbeartas i réimse an oideachais agus na hoiliúna, a chur chun cinn — Bainistíocht indíreach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 2 617 731 926 | 2 524 750 000 | 2 400 120 171 | 2 296 250 000 | 2 269 774 626,— | 2 239 252 543,20 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar réimse oideachais agus oiliúna an chláir Erasmus+ faoi bhainistíocht indíreach. Tacóidh sé leis na trí príomhghníomhaíocht.

Príomhghníomhaíocht 1: Soghluaisteacht foghlama

I réimse an oideachais agus na hoiliúna, tá an clár Erasmus+ le tacú leis na príomhghníomhaíochtaí seo a leanas: (a) soghluaisteacht foghlama san ardoideachas idir mhic léinn agus bhaill foirne; (b) soghluaisteacht foghlama i ngairmoideachas agus i ngairmoiliúint idir fhoghlaimeoirí agus bhaill foirne; (c) soghluaisteacht foghlama ar scoil idir dhaltaí agus bhaill foirne; agus (d) soghluaisteacht foghlama na bhfoghlaimeoirí san oideachas aosach agus na mball foirne san oideachas aosach.

Féadfaidh an fhoghlaim fhíorúil agus bearta amhail tacaíocht teanga, cuairteanna ullmhúcháin, oiliúint agus comhar fíorúil a bheith ag gabháil leis an tsoghluaisteacht foghlama. Féadfar an fhoghlaim fhíorúil a chur in ionad na soghluaisteachta foghlama do na daoine sin nach bhfuil in ann páirt a ghlacadh sa tsoghluaisteacht foghlama.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA*

**CAIBIDIL 07 03 — ERASMUS+** *(Ar lean.)*

***07 03 01*** *(Ar lean.)*

07 03 01 01 *(Ar lean.)*

Príomhghníomhaíocht 2: Comhar i measc eagraíochtaí agus institiúidí

I réimse an oideachais agus na hoiliúna, tá an clár Erasmus+ le tacú le comhpháirtíochtaí le haghaidh comhair agus malartuithe cleachtas, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí ar mhionscála chun rochtain níos leithne agus níos cuimsithí ar an gclár a chothú.

Príomhghníomhaíocht 3: Tacaíocht d'fhorbairt beartas agus do chomhar

I réimse an oideachais agus na hoiliúna, tá an clár Erasmus+ le tacú leis na gníomhaíochtaí seo a leanas: (a) ullmhú agus cur chun feidhme chláir oibre bheartais an Aontais, idir bheartas ginearálta agus bheartas earnála, i réimse an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear tacaíocht ó líonra Eurydice nó ó ghníomhaíochtaí eagraíochtaí ábhartha eile; (b) uirlisí agus bearta an Aontais lena gcothaítear cáilíocht, trédhearcacht agus aithint inniúlachtaí, scileanna agus cáilíochtaí; (c) idirphlé beartais agus comhar le geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear líonraí uile-Aontais, eagraíochtaí Eorpacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta i réimse an oideachais agus na hoiliúna; (d) bearta lena rannchuidítear le cur chun feidhme ardcháilíochta agus cuimsitheach an chláir Erasmus+; (e) comhar le hionstraimí eile de chuid an Aontais agus tacaíocht do bheartais eile de chuid an Aontais; agus (f) gníomhaíochtaí scaipthe agus múscailte feasachta faoi thorthaí agus tosaíochtaí na mbeartas Eorpach agus faoin gclár Erasmus+.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 93 714 803 | 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 98 012 175 | 6 1 2 1 |

07 03 01 02 Soghluaisteacht foghlama daoine aonair agus grúpaí, agus comhar, cuimsiú agus cothromas, barr feabhais, cruthaitheacht agus nuálaíocht a chur chun cinn ar leibhéal na n-eagraíochtaí agus na mbeartas i réimse an oideachais agus na hoiliúna, a chur chun cinn — Bainistíocht dhíreach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 656 107 886 | 413 700 000 | 779 041 093 | 407 225 000 | 669 155 911,— | 392 299 297,56 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar réimse oideachais agus oiliúna an chláir Erasmus+ faoi bhainistíocht dhíreach. Tacóidh sé leis na trí príomhghníomhaíocht agus le gníomhaíochtaí Jean Monnet.

**CAIBIDIL 07 03 — ERASMUS+** *(Ar lean.)*

***07 03 01*** *(Ar lean.)*

07 03 01 02 *(Ar lean.)*

Príomhghníomhaíocht 1: Soghluaisteacht foghlama

Féadfaidh an fhoghlaim fhíorúil agus bearta amhail tacaíocht teanga, cuairteanna ullmhúcháin, oiliúint agus comhar fíorúil a bheith ag gabháil leis an tsoghluaisteacht foghlama. Féadfar an fhoghlaim fhíorúil a chur in ionad na soghluaisteachta foghlama do na daoine sin nach bhfuil in ann páirt a ghlacadh sa tsoghluaisteacht foghlama.

Príomhghníomhaíocht 2: Comhar i measc eagraíochtaí agus institiúidí

I réimse an oideachais agus na hoiliúna, tá an clár Erasmus+ le tacú leis na príomhghníomhaíochtaí seo a leanas: (a) comhpháirtíochtaí le haghaidh comhair agus malartuithe cleachtas – eagraíochtaí neamhrialtasacha Eorpacha; (b) comhpháirtíochtaí barr feabhais, go háirithe hollscoileanna Eorpacha, ardáin le haghaidh ionaid barr feabhais gairme agus Comhchéimeanna Máistreachta Erasmus Mundus; (c) comhpháirtíochtaí um nuálaíocht chun acmhainneacht nuálaíochta na hEorpa a neartú; agus (d) ardáin agus uirlisí ar líne atá furasta le húsáid le haghaidh comhar fíorúil, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta le haghaidh Ríomhnasctha agus an Ardáin Leictreonaigh le haghaidh Foghlaim Aosach san Eoraip, agus uirlisí chun soghluaisteacht foghlama a éascú, lena n-áirítear tionscnamh an Chárta Mic Léinn Eorpaigh.

Príomhghníomhaíocht 3: Tacaíocht d’fhorbairt beartas agus do chomhar

I réimse an oideachais agus na hoiliúna, tá an clár Erasmus+ le tacú leis na príomhghníomhaíochtaí seo a leanas: (a) ullmhú agus cur chun feidhme chláir oibre bheartais an Aontais, idir bheartas ginearálta agus bheartas earnála, i réimse an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear tacaíocht ó líonra Eurydice nó ó ghníomhaíochtaí eagraíochtaí ábhartha eile, agus an tacaíocht do Phróiseas Bologna; (b) uirlisí agus bearta an Aontais lena gcothaítear cáilíocht, trédhearcacht agus aithint scileanna, inniúlachtaí agus cáilíochtaí; (c) idirphlé beartais agus comhar le geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear líonraí uile-Aontais, eagraíochtaí Eorpacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta i réimse an oideachais agus na hoiliúna; (d) bearta lena rannchuidítear le cur chun feidhme cáilíochtúil agus cuimsitheach an chláir Erasmus+; (e) comhar le hionstraimí eile de chuid an Aontais agus tacaíocht do bheartais eile de chuid an Aontais; agus (f) gníomhaíochtaí scaipthe agus múscailte feasachta faoi thorthaí agus tosaíochtaí na mbeartas Eorpach agus faoin gclár Erasmus+.

Gníomhaíochtaí Jean Monnet

Tá an clár Erasmus+ le tacú le teagasc, foghlaim, taighde agus díospóireachtaí maidir le cúrsaí a bhaineann le lánpháirtiú Eorpach, lena n-áirítear na dúshláin agus na deiseanna a bheidh ann don Aontas amach anseo, trí na gníomhaíochtaí seo a leanas: (a) gníomhaíocht Jean Monnet i réimse an ardoideachais:; (b) gníomhaíocht Jean Monnet i réimsí eile oideachais agus oiliúna; agus (c) tacaíocht do na hinstitiúidí seo a leanas a bhfuil aidhm a bhaineann le leas na hEorpa á saothrú acu: an Institiúid Ollscoile Eorpach, Flórans, lena n-áirítear Scoil an Rialachais Thrasnáisiúnta inti; Coláiste na hEorpa (campais Brugge agus Natolin); an Institiúid Eorpach um Riarachán Poiblí, Maastricht; Acadamh an Dlí Eorpaigh, Trier; an Ghníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus um Oideachas Cuimsitheach, Odense; agus an tIonad Idirnáisiúnta d’Oiliúint Eorpach, Nice.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 23 488 662 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 20 723 117 6 1 2 1 |

**CAIBIDIL 07 03 — ERASMUS+** *(Ar lean.)*

**07 03 02** ***Soghluaisteacht foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus rannpháirtíocht i measc daoine óga, agus comhar, cuimsiú, cruthaitheacht agus nuálaíocht ar leibhéal na n-eagraíochtaí agus na mbeartas i réimse na hóige, a chur chun cinn***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 393 913 639 | 374 700 000 | 365 603 266 | 335 000 000 | 351 400 945,— | 275 901 909,29 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar réimse óige an chláir Erasmus+. Tacóidh sé leis na trí príomhghníomhaíocht seo a leanas:

Príomhghníomhaíocht 1: Soghluaisteacht foghlama

I réimse na hóige, tá an clár Erasmus+ le tacú leis na gníomhaíochtaí seo a leanas: (a) soghluaisteacht foghlama daoine óga; (b) gníomhaíochtaí rannpháirtíocht don óige; (c) gníomhaíochtaí DiscoverEU; agus (d) soghluaisteacht foghlama oibrithe don óige.

Féadfaidh an fhoghlaim fhíorúil agus bearta amhail tacaíocht teanga, cuairteanna ullmhúcháin, oiliúint agus comhar fíorúil a bheith ag gabháil leis na gníomhaíochtaí sin. Féadfar an fhoghlaim fhíorúil a chur in ionad na soghluaisteachta foghlama do na daoine sin nach bhfuil in ann páirt a ghlacadh sa tsoghluaisteacht foghlama.

Príomhghníomhaíocht 2: Comhar i measc eagraíochtaí agus institiúidí

I réimse na hóige, tá an clár Erasmus+ le tacú leis na gníomhaíochtaí seo a leanas: (a) comhpháirtíochtaí le haghaidh comhair agus malartuithe cleachtas, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí ar mhionscála chun rochtain níos leithne agus níos cuimsithí ar an gclár Erasmus+ a chothú; (b) comhpháirtíochtaí um nuálaíocht chun acmhainneacht nuálaíochta na hEorpa a neartú; agus (c) ardáin agus uirlisí ar líne atá furasta le húsáid le haghaidh comhar fíorúil.

Príomhghníomhaíocht 3: Tacaíocht d’fhorbairt beartas agus do chomhar

I réimse na hóige, tá an clár Erasmus+ le tacú leis na gníomhaíochtaí seo a leanas: (a) ullmhú agus cur chun feidhme chlár oibre beartais an Aontais maidir leis an óige, le tacaíocht, mar is ábhartha, ó líonra Youth Wiki; (b) uirlisí agus bearta an Aontais lena gcothaítear cáilíocht, trédhearcacht agus aithint inniúlachtaí agus scileanna, go háirithe trí Youthpass; (c) idirphlé beartais agus comhar le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear líonraí uile-Aontais, eagraíochtaí Eorpacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta i réimse na hóige, Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh agus tacaíocht d’Fhóram Eorpach na nÓg; (d) bearta lena rannchuidítear le cur chun feidhme ardcháilíochta agus cuimsitheach an chláir Erasmus+, lena n-áirítear tacaíocht do Líonra Eurodesk; (e) comhar le hionstraimí eile de chuid an Aontais agus tacaíocht do bheartais eile de chuid an Aontais; agus (f) gníomhaíochtaí scaipthe agus múscailte feasachta faoi thorthaí agus faoi thosaíochtaí na mbeartas Eorpach agus faoin gclár Erasmus+.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 14 102 108 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 14 180 920 6 1 2 1 |

### 07 03 03 *Soghluaisteacht foghlama na mball foirne spóirt, agus comhar, cáilíocht, cuimsiú, cruthaitheacht agus nuálaíocht ar leibhéal na n-eagraíochtaí spóirt agus na mbeartas spóirt, a chur chun cinn*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 71 239 186 | 56 700 000 | 69 664 711 | 56 400 000 | 65 035 672,— | 52 571 180,73 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí spóirt an chláir Erasmus+. Tacóidh sé leis na trí príomhghníomhaíocht seo a leanas

Príomhghníomhaíocht 1: Soghluaisteacht foghlama

I réimse an spóirt, tá an clár Erasmus+ le tacú le soghluaisteacht foghlama na mball foirne spóirt.

Féadfaidh an fhoghlaim fhíorúil agus bearta amhail tacaíocht teanga, cuairteanna ullmhúcháin, oiliúint agus comhar fíorúil a bheith ag gabháil leis an tsoghluaisteacht foghlama. Féadfar an fhoghlaim fhíorúil a chur in ionad na soghluaisteachta foghlama do na daoine sin nach bhfuil in ann páirt a ghlacadh sa tsoghluaisteacht foghlama.

Príomhghníomhaíocht 2: Comhar i measc eagraíochtaí agus institiúidí

I réimse an spóirt, tá an clár Erasmus+ le tacú leis na gníomhaíochtaí seo a leanas: (a) comhpháirtíochtaí le haghaidh comhair agus malartuithe cleachtas, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí ar mhionscála chun rochtain níos leithne agus níos cuimsithí ar an gclár Erasmus+ a chothú; agus (b) imeachtaí neamhbhrabúis spórt arb é is aidhm dóibh gné Eorpach an spóirt a fhorbairt tuilleadh agus saincheisteanna a bhaineann le spórt an phobail a chur chun cinn.

Príomhghníomhaíocht 3: Tacaíocht d'fhorbairt beartas agus do chomhar

I réimse an spóirt, tá an clár Erasmus+ le tacú leis na gníomhaíochtaí seo a leanas: (a) ullmhú agus cur chun feidhme chlár oibre beartais an Aontais maidir leis an spórt agus le gníomhaíocht choirp; (b) idirphlé beartais agus comhar le geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear eagraíochtaí Eorpacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta i réimse an spóirt; (c) bearta lena rannchuidítear le cur chun feidhme ardcháilíochta agus cuimsitheach an chláir Erasmus+; (d) comhar le hionstraimí eile de chuid an Aontais agus tacaíocht do bheartais eile de chuid an Aontais; agus (e) gníomhaíochtaí scaipthe agus múscailte feasachta faoi thorthaí agus faoi thosaíochtaí beartais Eorpaigh agus faoin gclár Erasmus+.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 2 550 363 | 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 2 624 581 | 6 1 2 1 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA*

**CAIBIDIL 07 03 — ERASMUS+** *(Ar lean.)*

### *07 03 99 Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin airteagal seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

07 03 99 01 Cláir Erasmus roimhe seo a chur i gcrích (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 95 150 000 | p.m. | 142 626 000 | 0,— | 270 747 186,87 |

*Bunús dlí*

Cinneadh 1999/382/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 lena mbunaítear an dara céim den chlár gníomhaíochta Comhphobail 'Leonardo da Vinci' maidir le gairmoiliúint (IO L 146, 11.6.1999, lch. 33).

Cinneadh Uimh. 253/2000/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Eanáir 2000 lena mbunaítear an dara céim den chlár gníomhaíochta Comhphobail 'Socrates' i réimse an oideachais (IO L 28, 3.2.2000, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 1031/2000/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2000 lena mbunaítear an clár gníomhaíochta Comhphobail 'Youth' (IO L 117, 18.5.2000, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 2317/2003/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Nollaig 2003 lena mbunaítear clár gníomhaíochta d'fheabhsú na cáilíochta san ardoideachas agus do chur chun cinn tuiscint idirchultúrtha trí chomhar le tríú tíortha (Erasmus Mundus) (2004 go 2008) (IO L 345, 31.12.2003, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 2241/2004/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le creat aonair Comhphobail do thrédhearcacht cáilíochtaí agus inniúlachtaí (Europass) (IO L 390, 31.12.2004, lch. 6).

Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2006 lena mbunaítear an clár 'An tAos Óg i mBun Gníomhaíochta' don tréimhse 2007 go 2013 (IO L 327, 24.11.2006, lch. 30).

Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2006 lena mbunaítear clár gníomhaíochta i réimse na foghlama ar feadh an tsaoil (IO L 327, 24.11.2006, lch. 45).

Cinneadh 2006/910/CE ón gComhairle an 4 Nollaig 2006 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá lena n-athnuaitear an clár um chomhar san ardoideachas, sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint (IO L 346, 9.12.2006, lch. 33).

Cinneadh 2006/964/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Cheanada lena mbunaítear creat um chomhar san ardoideachas, san oiliúint agus i réimse na hóige (IO L 397, 30.12.2006, lch. 14).

**CAIBIDIL 07 03 — ERASMUS+** *(Ar lean.)*

***07 03 99*** *(Ar lean.)*

07 03 99 01 *(Ar lean.)*

Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear clár gníomhaíochta Erasmus Mundus 2009-2013 d'fheabhsú na cáilíochta san ardoideachas agus do chur chun cinn tuiscint idirchultúrtha trí chomhar le tríú tíortha (IO L 340, 19.12.2008, lch. 83).

Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear 'Erasmus+': clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 50).

Cúram a eascraíonn as sainphribhléidí an Choimisiúin ar an leibhéal institiúideach, dá bhforáiltear in Airteagal 58(2) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA*

**CAIBIDIL 07 04 — AN CÓR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPACH**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíoch-taí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 07 04 | AN CÓR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPACH | | | | | | | | |
| ***07 04 01*** | ***An Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach*** | 2.2 | 136 985 873 | 128 570 000 | 137 298 196 | 106 000 000 | 134 710 226,— | 119 097 787,30 | 92,63 |
| ***07 04 99*** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 07 04 99 01 | An Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a chur i gcrích (2018 go 2020) | 2.2 | p.m. | 3 071 000 | p.m. | 8 670 000 | 0,— | 3 773 773,— | 122,88 |
| 07 04 99 02 | An Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE a chur i gcrích — Inniúlacht an Aontais freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla a neartú (2014 go 2020) | 2.2 | p.m. | p.m. | p.m. | 2 550 000 | 0,— | 2 548 494,68 | |
| | *Airteagal 07 04 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 3 071 000 | p.m. | 11 220 000 | 0,— | 6 322 267,68 | 205,87 |
| | **Caibidil 07 04 — IOMLÁN** | | **136 985 873** | **131 641 000** | **137 298 196** | **117 220 000** | **134 710 226,—** | **125 420 054,98** | **95,27** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

Is é cuspóir ginearálta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh rannpháirtíocht daoine óga agus eagraíochtaí a fheabhsú i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta atá inrochtana agus ar ardcháilíocht, an tsaorálaíocht go príomha, mar mhodh chun comhtháthú, dlúthpháirtíocht, féiniúlacht Eorpach agus saoránacht ghníomhach a neartú san Aontas agus níos faide i gcéin, lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shochaíocha agus dúshláin dhaonnúla ar an láthair, agus béim ar leith á leagan ar an bhforbairt inbhuanaithe, an cuimsiú sóisialta agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn.

Is é cuspóir sonrach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh deiseanna atá inrochtana go héasca a sholáthar do dhaoine óga, lena n-áirítear daoine óga ar lú iad na deiseanna atá acu, chun bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a mbíonn athruithe dearfacha ar an tsochaí san Aontas agus níos faide i gcéin mar thoradh orthu, agus a dhéanann, ag an am céanna, a gcuid inniúlachtaí a fheabhsú agus a bhailíochtú go cuí, agus a rannpháirtíocht leanúnach mar shaoránaigh ghníomhacha a éascú freisin. Leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, déanfar forbairt ar a mbeidh bainte amach ag Bliain Eorpach na hÓige 2022 agus cuirfidh sé le hoidhreacht fhadtéarmach na Bliana sin.

Tá cuspóirí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh le cur chun feidhme faoi na sraitheanna gníomhaíochtaí seo a leanas: (a) rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shochaíocha; agus (b) rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a bhaineann leis an gcabhair dhaonnúil (an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil).

**CAIBIDIL 07 04 — AN CÓR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPACH** *(Ar lean.)*

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1475 agus (AE) Uimh. 375/2014 (IO L 202, 8.6.2021, lch. 32).

Cinneadh (AE) 2021/2316 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le Bliain Eorpach na hÓige (2022) (IO L 462, 28.12.2021, lch. 1).

## 07 04 01 *An Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 136 985 873 | 128 570 000 | 137 298 196 | 106 000 000 | 134 710 226,— | 119 097 787,30 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar (1) rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shochaíocha agus (2) a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a bhaineann leis an gcabhair dhaonnúil. Tacóidh sé leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

1. Gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shochaíocha.

Leis na gníomhaíochtaí sin, táthar le rannchuidiú, go háirithe, leis an gcomhtháthú, an dlúthpháirtíocht, an tsaoránacht ghníomhach agus an daonlathas a neartú laistigh den Aontas agus lasmuigh de, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar dhúshláin shochaíocha agus béim ar leith á leagan ar an gcuimsiú sóisialta agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn. Beidh siad san fhoirm seo a leanas: (a) saorálaíocht; (b) tionscadail dlúthpháirtíochta; (c) gníomhaíochtaí líonraithe; agus (d) bearta cáilíochta agus tacaíochta.

2. Gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a bhaineann leis an gcabhair dhaonnúil.

Leis na gníomhaíochtaí sin, táthar le rannchuidiú, go háirithe, le cabhair dhaonnúil riachtanaisbhunaithe a sholáthar, arb é is aidhm léi beatha a chaomhnú, fulaingt an duine a chosc agus a mhaolú agus dínit an duine a chothabháil agus le hacmhainneacht agus athléimneacht pobal atá leochaileach nó buailte le tubaiste a neartú. Beidh siad san fhoirm seo a leanas: (a) saorálaíocht; (b) gníomhaíochtaí líonraithe; agus (c) bearta cáilíochta agus tacaíochta, agus béim ar leith á leagan ar bhearta chun sábháilteacht agus slándáil na rannpháirtithe a áirithiú.

**CAIBIDIL 07 04 — AN CÓR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPACH** *(Ar lean.)*

**07 04 01** *(Ar lean.)*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 287 670 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 6 766 644 6 1 2 2 |

**07 04 99** ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin airteagal seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

07 04 99 01 An Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a chur i gcrích (2018 go 2020)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 3 071 000 | p.m. | 8 670 000 | 0,— | 3 773 773,— |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2018/1475 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos creat dlíthiúil an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 agus Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE (IO L 250, 4.10.2018, lch. 1).

07 04 99 02 An Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE a chur i gcrích — Inniúlacht an Aontais freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla a neartú (2014 go 2020)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 2 550 000 | 0,— | 2 548 494,68 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 375/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 lena mbunaítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil ('an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE') (IO L 122, 24.4.2014, lch. 1).

**CAIBIDIL 07 04 — AN CÓR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPACH** *(Ar lean.)*

***07 04 99*** *(Ar lean.)*

07 04 99 02 *(Ar lean.)*

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1244/2014 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 375/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil ('An Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE') (IO L 334, 21.11.2014, lch. 52).

Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1398/2014 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2014 lena leagtar síos caighdeáin maidir le saorálaithe is iarrthóirí agus maidir le Saorálaithe Cabhrach AE (IO L 373, 31.12.2014, lch. 8).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA*

**CAIBIDIL 07 05 — EORAIP NA CRUTHAITHEACHTA**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 07 05 | EORAIP NA CRUTHAITHEACHTA | | | | | | | | |
| **07 05 01** | ***Sraith an Chultúir*** | 2.2 | 103 802 039 | 96 050 000 | 102 540 879 | 91 452 597 | 131 097 589,— | 78 109 733,12 | 81,32 |
| **07 05 02** | ***Sraith MEDIA*** | 2.2 | 178 754 402 | 207 523 435 | 180 661 827 | 141 422 353 | 221 487 148,— | 128 493 599,04 | 61,92 |
| **07 05 03** | ***An tsraith thrasearnálach*** | 2.2 | 28 603 081 | 26 430 875 | 27 125 410 | 25 616 924 | 34 037 298,— | 16 443 717,56 | 62,21 |
| **07 05 99** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 07 05 99 01 | Gníomhaíochtaí agus cláir roimhe seo a bhaineann leis na meáin, le cultúr agus le teanga a chur i gcrích (roimh 2021) | 2.2 | p.m. | 12 130 834 | p.m. | 31 508 113 | 0,— | 69 518 622,07 | 573,07 |
| 07 05 99 02 | Bearta roimhe seo a bhaineann le hábhar digiteach, agus leis an tionscal closamhairc agus le tionscail meán eile (2014 go 2020), a chur i gcrích | 2.2 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 258 158,44 | |
| | *Airteagal 07 05 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 12 130 834 | p.m. | 31 508 113 | 0,— | 69 776 780,51 | 575,20 |
| | **Caibidil 07 05 — IOMLÁN** | | **311 159 522** | **342 135 144** | **310 328 116** | **289 999 987** | **386 622 035,—** | **292 823 830,23** | **85,59** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar clár Eoraip na Cruthaitheachta.

Is é is aidhm do chlár Eoraip na Cruthaitheachta éagsúlacht agus oidhreacht chultúir agus teanga na hEorpa a choimirciú, a fhorbairt agus a chur chun cinn, agus iomaíochas agus acmhainn eacnamaíoch na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta a mhéadú, go háirithe an earnáil closamhairc.

Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas ag clár Eoraip na Cruthaitheachta:

— feabhas a chur ar an gcomhar ealaíne agus cultúrtha ar an leibhéal Eorpach chun tacú le cruthú saothar Eorpach agus chun an ghné eacnamaíoch, shóisialta agus sheachtrach d'earnálacha cultúir agus cruthaitheachta na hEorpa, agus nuálaíocht agus soghluaisteacht sna hearnálacha sin, a neartú,

— iomaíochas, inscálaitheacht, comhar, nuálaíocht agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn san earnáil closamhairc Eorpach, lena n-áirítear trí shoghluaisteacht,

— comhar beartais agus gníomhaíochtaí nuálacha a chur chun cinn, ar comhar é agus ar gníomhaíochtaí iad trína dtugtar tacaíocht do gach sraith de chlár Eoraip na Cruthaitheachta, agus timpeallacht meán atá ilchineálach, neamhspleách agus iolraíoch a chur chun cinn, agus litearthacht sna meáin a chur chun cinn, agus saoirse an léirithe ealaíonta, idirphlé idirchultúrtha agus uilechuimsitheacht shóisialta a chothú ar an gcaoi sin.

**CAIBIDIL 07 05 — EORAIP NA CRUTHAITHEACHTA** *(Ar lean.)*

Le clár Eoraip na Cruthaitheachta, táthar leis na sraitheanna seo a leanas a chumhdach:

— sraith an Chultúir, a chumhdaíonn earnálacha cultúir agus cruthaitheachta cé is moite den earnáil closamhairc,

— sraith MEDIA, a chumhdaíonn an earnáil closamhairc,

— an tsraith Thrasearnálach, a chumhdaíonn gníomhaíochtaí ar fud na n-earnálacha uile cultúir agus cruthaitheachta.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2021 go 2027) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 34).

### *07 05 01 Sraith an Chultúir*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 103 802 039 | 96 050 000 | 102 540 879 | 91 452 597 | 131 097 589,— | 78 109 733,12 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta cé is moite den earnáil closamhairc (sraith an Chultúir) laistigh de chlár Eoraip na Cruthaitheachta. I gcomhréir le cuspóirí chlár Eoraip na Cruthaitheachta, is iad na tosaíochtaí seo a leanas atá le bheith ag sraith an Chultúir: (a) an comhar trasnáisiúnta agus an ghné thrasteorann de chruthú, de scaipeadh agus d'infheictheacht saothar Eorpach agus soghluaisteacht oibreoirí sna hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta a neartú; (b) rochtain ar chultúr agus rannpháirtíocht sa chultúr a mhéadú, agus rannpháirtíocht lucht féachana agus éisteachta a mhéadú agus forbairt an lucht féachana agus éisteachta a fheabhsú ar fud na hEorpa; (c) athléimneacht sochaithe a chur chun cinn agus feabhas a chur ar uilechuimsitheacht shóisialta agus ar idirphlé idirchultúrtha trí chultúr agus tríd an oidhreacht chultúrtha; (d) feabhas a chur ar acmhainneacht earnálacha cultúir agus cruthaitheachta na hEorpa, lena n-áirítear acmhainneacht daoine aonair a oibríonn sna hearnálacha sin, i dtaca le buanna a chothú, nuáil a dhéanamh, a bheith rathúil agus poist agus fás a ghiniúint; (e) féiniúlacht agus luachanna na hEorpa a neartú trí fheasacht ar chúrsaí cultúir, trí oideachas sna healaíona agus trí chruthaitheacht chultúrbhunaithe san oideachas; (f) fothú acmhainneachta in earnálacha cultúir agus cruthaitheachta na hEorpa a chur chun cinn, lena n-áirítear eagraíochtaí an phobail agus micrea-eagraíochtaí, ionas go mbeidh siad in ann a bheith gníomhach ar an leibhéal idirnáisiúnta; agus (g) rannchuidiú le straitéis dhomhanda an Aontais i leith caidrimh idirnáisiúnta tríd an gcultúr.

**CAIBIDIL 07 05 — EORAIP NA CRUTHAITHEACHTA** *(Ar lean.)*

***07 05 01*** *(Ar lean.)*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 3 716 113 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 627 044 6 1 2 3 |

***07 05 02*** ***Sraith MEDIA***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 178 754 402 | 207 523 435 | 180 661 827 | 141 422 353 | 221 487 148,— | 128 493 599,04 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an earnáil closamhairc (sraith MEDIA) laistigh de chlár Eoraip na Cruthaitheachta. I gcomhréir le cuspóirí chlár Eoraip na Cruthaitheachta, is iad na tosaíochtaí seo a leanas atá le bheith ag sraith MEDIA: (a) buanna, inniúlachtaí agus scileanna a chothú agus comhar trasteorann, soghluaisteacht agus nuálaíocht a spreagadh agus saothair chlosamhairc Eorpacha á gcruthú agus á léiriú agus, ar an gcaoi sin, comhar a spreagadh idir na Ballstáit a bhfuil acmhainneachtaí closamhairc éagsúla acu; (b) feabhas a chur ar scaipeadh, ar chur chun cinn, ar dháileadh ar líne agus ar dháileadh amharclannaíochta saothar closamhairc Eorpach san Aontas agus go hidirnáisiúnta sa timpeallacht dhigiteach nua, lena n-áirítear trí shamhlacha gnó nuálacha; agus (c) saothair chlosamhairc Eorpacha a chur chun cinn, lena n-áirítear saothair oidhreachta, agus tacú le rannpháirtíocht agus forbairt luchtanna féachana agus éisteachta i ngach aoisghrúpa, go háirithe an lucht féachana agus éisteachta óg, ar fud na hEorpa agus lastall di.

Táthar le haghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin trí thacú le saothair Eorpacha a fhorbairt, a léiriú, a chur chun cinn, agus a scaipeadh, agus trí thacú le rochtain ar na saothair sin, agus é mar chuspóir don mhéid sin luchtanna féachana agus éisteachta ilchineálacha a shroicheadh san Eoraip agus lasmuigh den Eoraip, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí oiriúnú d'fhorbairtí nua sa mhargadh agus tacú le cur chun feidhme Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1).

Le tosaíochtaí shraith MEDIA, táthar le cur san áireamh na difríochtaí ó thír go chéile i ndáil le hábhar closamhairc a léiriú, a dháileadh agus i ndáil le rochtain a fháil air, agus, chomh maith leis sin, i ndáil le méid agus sainiúlachtaí a margaí faoi seach.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 6 399 408 6 6 0 0 |

**CAIBIDIL 07 05 — EORAIP NA CRUTHAITHEACHTA** *(Ar lean.)*

## *07 05 03 An tsraith thrasearnálach*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 28 603 081 | 26 430 875 | 27 125 410 | 25 616 924 | 34 037 298,— | 16 443 717,56 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí ar fud na n-earnálacha uile cultúir agus cruthaitheachta (an tsraith Thrasearnálach) laistigh de chlár Eoraip na Cruthaitheachta. I gcomhréir le cuspóirí chlár Eoraip na Cruthaitheachta, is iad na tosaíochtaí seo a leanas atá le bheith ag an tsraith Thrasearnálach: (a) tacú le comhar beartais trasnáisiúnta trasearnála, lena n-áirítear comhar maidir le ról an chultúir i ndáil le huilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn agus comhar maidir le saoirse na n-ealaíon, infheictheacht chlár Eoraip na Cruthaitheachta a chur chun cinn agus tacú le hinaistritheacht thorthaí an chláir; (b) cineálacha cur chuige nuálacha a spreagadh maidir le cruthú, dáileadh, agus cur chun cinn ábhair, agus rochtain ar ábhar, ar fud na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta agus ar fud earnálacha eile, lena n-áirítear tríd an aistriú digiteach, lena gcumhdaítear gnéithe margaidh agus neamh-mhargaidh araon, a chur san áireamh; (c) gníomhaíochtaí trasearnálacha a chur chun cinn arb é is aidhm dóibh oiriúnú do na hathruithe struchtúrtha agus teicneolaíocha nach mór do na meáin dul i ngleic leo, lena n-áirítear feabhas a chur ar thimpeallacht meán atá saor, éagsúil agus iolraíoch, ar iriseoireacht ardchaighdeáin agus ar litearthacht sna meáin, lena n-áirítear sa timpeallacht dhigiteach; agus (d) tacú le bunú deasc cláir i dtíortha rannpháirteacha agus tacú le gníomhaíochtaí na ndeasc cláir agus comhar trasteorann agus malartú dea-chleachtas sna hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta a spreagadh.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 1 023 990 | 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 47 021 | 6 1 2 3 |

## *07 05 99 Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin airteagal seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

07 05 99 01 Gníomhaíochtaí agus cláir roimhe seo a bhaineann leis na meáin, le cultúr agus le teanga a chur i gcrích (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 12 130 834 | p.m. | 31 508 113 | 0,— | 69 518 622,07 |

**CAIBIDIL 07 05 — EORAIP NA CRUTHAITHEACHTA** *(Ar lean.)*

***07 05 99*** *(Ar lean.)*

07 05 99 01 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Cinneadh Uimh. 508/2000/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Feabhra 2000 lena mbunaítear an clár Cultúr 2000 (IO L 63, 10.3.2000, lch. 1).

Cinneadh 2000/821/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2000 maidir le clár a chur chun feidhme chun forbairt, dáileadh agus cur chun cinn shaothair chlosamhairc na hEorpa a spreagadh (MEDIA Plus — Forbairt, Dáileadh agus Cur Chun Cinn) (2001-2005) (IO L 336, 30.12.2000, lch. 82).

Cinneadh Uimh. 163/2001/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Eanáir 2001 maidir le cur chun feidhme cláir oiliúna do ghairmithe i dtionscal clár closamhairc na hEorpa (MEDIA-Oiliúint) (2001-2005) (IO L 26, 27.1.2001, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 792/2004/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena mbunaítear clár gníomhaíochta Comhphobail chun comhlachtaí atá gníomhach ar an leibhéal Eorpach i réimse an chultúir a chur chun cinn (IO L 138, 30.4.2004, lch. 40).

Cinneadh Uimh. 1718/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2006 maidir le cur chun feidhme cláir tacaíochta don earnáil closamhairc Eorpach (MEDIA 2007) (IO L 327, 24.11.2006, lch. 12).

Cinneadh Uimh. 1855/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 lena mbunaítear an Clár Cultúir (2007 go 2013) (IO L 372, 27.12.2006, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 1041/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear clár comhair closamhairc le gairmithe ó thríú tíortha (MEDIA Mundus) (IO L 288, 4.11.2009, lch. 10).

Cinneadh Uimh. 1194/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 lena mbunaítear gníomhaíocht Aontais Eorpaigh i leith an Lipéid Oidhreachta Eorpaí (IO L 303, 22.11.2011, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2014 go 2020) a bhunú agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1718/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1855/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1041/2009/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 221).

07 05 99 02 Bearta roimhe seo a bhaineann le hábhar digiteach, agus leis an tionscal closamhairc agus le tionscail meán eile (2014 go 2020), a chur i gcrích

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 258 158,44 |

**CAIBIDIL 07 05 — EORAIP NA CRUTHAITHEACHTA** *(Ar lean.)*

***07 05 99*** *(Ar lean.)*

07 05 99 02 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Cúram a eascraíonn as sainphribhléidí an Choimisiúin ar an leibhéal institiúideach, dá bhforáiltear in Airteagal 58(2) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA*

**CAIBIDIL 07 06 — SAORÁNAIGH, COMHIONANNAS, CEARTA AGUS LUACHANNA**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 07 06 | SAORÁNAIGH, COMHIONANNAS, CEARTA AGUS LUACHANNA | | | | | | | | |
| **07 06 01** | ***Comhionannas agus cearta*** | 2.2 | 37 519 970 | 53 315 746 | 36 863 099 | 31 217 153 | 39 666 173,08 | 26 744 197,59 | 50,16 |
| **07 06 02** | ***Ról agus rannpháirtíocht na saoránach i saol daonlathach an Aontais*** | 2.2 | 57 671 418 | 48 911 774 | 33 154 085 | 19 010 511 | 41 237 345,89 | 19 929 791,92 | 40,75 |
| **07 06 03** | ***Daphne*** | 2.2 | 26 146 868 | 24 877 030 | 26 757 735 | 26 828 886 | 32 472 508,79 | 19 183 426,84 | 77,11 |
| **07 06 04** | ***Luachanna an Aontais*** | 2.2 | 88 151 507 | 86 714 747 | 109 183 873 | 54 631 753 | 93 199 854,41 | 53 749 962,23 | 61,98 |
| **07 06 99** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 07 06 99 01 | Cláir roimhe seo um an Eoraip ar son na Saoránach agus tionscnaimh Eorpacha roimhe seo ó na saoránaigh a chur i gcrích (roimh 2021) | 2.2 | p.m. | 327 072 | p.m. | 6 811 879 | 0,— | 9 807 115,54 | 2 998,46 |
| 07 06 99 02 | Gníomhaíochtaí roimhe seo i réimse na gceart, na saoránachta agus an chomhionannais a chur i gcrích (roimh 2021) | 2.2 | p.m. | 1 444 497 | p.m. | 8 746 273 | 0,— | 15 824 244,35 | 1 095,48 |
| | *Airteagal 07 06 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 1 771 569 | p.m. | 15 558 152 | 0,— | 25 631 359,89 | 1 446,82 |
| | **Caibidil 07 06 — IOMLÁN** | | **209 489 763** | **215 590 866** | **205 958 792** | **147 246 455** | **206 575 882,17** | **145 238 738,47** | **67,37** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go rannchuideofar le cearta agus luachanna a chosaint agus a chur chun cinn mar a chumhdaítear iad sna Conarthaí, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta is infheidhme maidir le cearta an duine, go háirithe trí thacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le geallsealbhóirí eile a bhíonn gníomhach ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus trasnáisiúnta, agus trí rannpháirtíocht shibhialta agus dhaonlathach a spreagadh chun sochaithe oscailte, cearta-bhunaithe, daonlathacha, comhionanna agus cuimsitheacha atá bunaithe ar an smacht reachta a chothú agus a fhorbairt a thuilleadh.

Laistigh de chuspóir ginearálta, tá na cuspóirí sonracha seo a leanas, ar cuspóirí iad a chomhfhreagraíonn do cheithre shraith, ag an gclár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna: luachanna an Aontais a chosaint agus a chur chun cinn (an straith arb í luachanna an Aontais); cearta, neamh-idirdhealú agus comhionannas, lena n-áirítear comhionannas inscne, a chur chun cinn agus príomhshruthú inscne agus príomhshruthú neamh-idirdhealaithe a chur chun tosaigh (an tsraith arb í comhionannas, cearta agus cearta inscne); ról agus rannpháirtíocht na saoránach i saol daonlathach an Aontais agus malartuithe idir saoránaigh de chuid na mBallstát éagsúil a chur chun cinn, agus feasacht ar a stair chomhchoiteann san Eoraip a ardú (an tsraith arb í ról agus rannpháirtíocht na saoránach); agus foréigean, lena n-áirítear foréigean bunaithe ar inscne, a chomhrac (an tsraith arb í Daphne).

**CAIBIDIL 07 06 — SAORÁNAIGH, COMHIONANNAS, CEARTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle (IO L 156, 5.5.2021, lch. 1).

### 07 06 01 *Comhionannas agus cearta*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 37 519 970 | 53 315 746 | 36 863 099 | 31 217 153 | 39 666 173,08 | 26 744 197,59 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go ndíreofar ar chomhionannas a chur chun cinn agus éagothromaíochtaí agus idirdhealú atá bunaithe ar ghnéas, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh a chosc, agus a chomhrac agus urraim a thabhairt do phrionsabal an neamh-idirdhealaithe ar na forais dá bhforáiltear in Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; tacú le beartais chuimsitheacha a bhaineann le cearta na mban, an comhionannas inscne, an ciníochas agus gach cineál éadulaingthe, cearta an linbh agus cearta daoine atá faoi mhíchumas, agus iad a chur chun cinn agus iad a chur chun feidhme; na cearta um shaoránacht an Aontais agus an ceart a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta a chosaint agus a chur chun cinn.

Saothrófar na cuspóirí sin trí thacaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí seo a leanas go háirithe: ardú feasachta, foghlaim fhrithpháirteach, gníomhaíochtaí anailíseacha agus faireacháin, oiliúint, agus forbairt agus cothabháil uirlisí TFC.

Leis an leithreasú seo, tacófar freisin le Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais (Equinet).

### 07 06 02 *Ról agus rannpháirtíocht na saoránach i saol daonlathach an Aontais*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 57 671 418 | 48 911 774 | 33 154 085 | 19 010 511 | 41 237 345,89 | 19 929 791,92 |

**CAIBIDIL 07 06 — SAORÁNAIGH, COMHIONANNAS, CEARTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

***07 06 02*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go ndíreofar ar na nithe seo a leanas:

— tacú le tionscadail arb é is aidhm dóibh cuimhneamh ar imeachtaí ríthábhachtacha i stair nua-aimseartha na hEorpa, amhail teacht i gcumhacht córas údarásaíoch agus ollsmachtach, lena n-áirítear na cúiseanna atá leis agus a iarmhairtí, agus tionscadail arb é is aidhm dóibh feasacht a ardú i measc shaoránaigh na hEorpa ar a stair chomhchoiteann, a gcultúr comhchoiteann, a n-oidhreacht chultúrtha chomhchoiteann agus a luachanna comhchoiteanna, agus ar an gcaoi sin feabhas á chur ar a dtuiscint ar an Aontas, ar a bhunús, ar a chuspóir, ar a éagsúlacht, ar a bhfuil bainte amach aige agus ar an tábhacht a bhaineann le comhthuiscint agus caoinfhulaingt,

— rannpháirtíocht na saoránach agus na gcomhlachas ionadaíoch i saol daonlathach sibhialta an Aontais agus a rannchuidiú leis a chur chun cinn trína dtuairimí a thabhairt le fios agus a mhalartú go poiblí i ngach réimse de ghníomhaíocht an Aontais,

— malartuithe idir saoránaigh tíortha éagsúla a chur chun cinn, go háirithe trí nascadh bailte agus líonraí bailte, chun taithí phraiticiúil a thabhairt dóibh ar shaibhreas agus ar éagsúlacht oidhreacht chomhchoiteann an Aontais agus chun a chur ar a shúile dóibh go bhfuil an saibhreas agus an éagsúlacht sin ina mbunús le todhchaí chomhchoiteann.

Saothrófar na cuspóirí sonracha thuasluaite sin trí thacaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí seo a leanas go háirithe: gníomhaíochtaí nasctha bailte, líonraí bailte agus tionscadail chuimhneacháin, ardú feasachta, foghlaim fhrithpháirteach, gníomhaíochtaí anailíseacha agus faireacháin, oiliúint, forbairt agus cothabháil uirlisí TFC, agus tacaíocht d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

Leis an leithreasú seo, rannchuideofar freisin le tacaíocht theicniúil agus eagraíochtúil do thionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh.

***07 06 03*** ***Daphne***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 26 146 868 | 24 877 030 | 26 757 735 | 26 828 886 | 32 472 508,79 | 19 183 426,84 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go ndíreofar na nithe seo a leanas:

— gach cineál foréigin inscnebhunaithe in aghaidh na mban agus na gcailíní agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ar gach leibhéal, lena n-áirítear trí chur chun cinn a dhéanamh freisin ar na caighdeáin a leagtar síos i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl),

— gach cineál foréigin i gcoinne leanaí agus daoine óga agus grúpaí eile atá i mbaol, amhail daoine LGBTQI agus daoine faoi mhíchumas, a chosc agus a chomhrac,

**CAIBIDIL 07 06 — SAORÁNAIGH, COMHIONANNAS, CEARTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

**07 06 03** *(Ar lean.)*

— tacaíocht agus cosaint a thabhairt d'íospartaigh dhíreacha agus indíreacha uile na gcineálacha foréigin sin, amhail íospartaigh foréigin teaghlaigh a dhéantar laistigh den teaghlach nó foréigean a dhéantar i ndhlúthchaidrimh, lena n-áirítear leanaí a ndearnadh dílleachtaí díobh de dheasca coireanna teaghlaigh, agus tacaíocht a thabhairt ionas go n-áireofar an leibhéal céanna cosanta ar fud an Aontais d'íospartaigh foréigin inscnebhunaithe.

Saothrófar na cuspóirí sonracha sin trí thacaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí seo a leanas go háirithe: ardú feasachta, foghlaim fhrithpháirteach, gníomhaíochtaí anailíseacha agus faireacháin, oiliúint, agus forbairt agus cothabháil uirlisí TFC.

**07 06 04** ***Luachanna an Aontais***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 88 151 507 | 86 714 747 | 109 183 873 | 54 631 753 | 93 199 854,41 | 53 749 962,23 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go ndíreofar ar chearta a chosaint agus a chur chun cinn agus ar fheasacht a ardú maidir leis na cearta sin trí thacaíocht airgeadais a sholáthar d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus trasnáisiúnta maidir leis na cearta sin a chur chun cinn agus a shaothrú, agus ar an gcaoi sin freisin cosaint agus cur chun cinn luachanna an Aontais agus urraim don smacht reachta á neartú agus rannchuidiú á thabhairt le hAontas níos daonlathaí a thógáil, le hidirphlé daonlathach, le trédhearcacht agus le dea-rialachas.

Saothrófar an cuspóir sonrach thuasluaite sin trí thacaíocht a thabhairt go háirithe d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do gheallsealbhóirí neamhbhrabúsacha atá gníomhach i réimsí an chláir um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna chun cur lena gcuid inniúlachta freagairt a dhéanamh, gníomhaíochtaí abhcóideachta a dhéanamh, cearta a chur chun cinn, agus rochtain leormhaith ag gach saoránach ar a gcuid seirbhísí, comhairleoireachta agus gníomhaíochtaí tacaíochta a áirithiú.

**07 06 99** ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin airteagal seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

**CAIBIDIL 07 06 — SAORÁNAIGH, COMHIONANNAS, CEARTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

***07 06 99*** *(Ar lean.)*

07 06 99 01 Cláir roimhe seo um an Eoraip ar son na Saoránach agus tionscnaimh Eorpacha roimhe seo ó na saoránaigh a chur i gcrích (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 327 072 | p.m. | 6 811 879 | 0,— | 9 807 115,54 |

*Bunús dlí*

Cinneadh Uimh. 1904/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 lena mbunaítear an clár um an Eoraip ar son na Saoránach don tréimhse 2007 go 2013 chun saoránacht Eorpach ghníomhach a chur chun cinn (IO L 378, 27.12.2006, lch. 32).

Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir leis an tionscnamh ó na saoránaigh (IO L 65, 11.3.2011, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle an 14 Aibreán 2014 lena mbunaítear an 'clár um an Eoraip ar son na saoránach' don tréimhse 2014-2020 (IO L 115, 17.4.2014, lch. 3), agus go háirithe Airteagal 2 de.

Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh (IO L 130, 17.5.2019, lch. 55).

07 06 99 02 Gníomhaíochtaí roimhe seo i réimse na gceart, na saoránachta agus an chomhionannais a chur i gcrích (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 1 444 497 | p.m. | 8 746 273 | 0,— | 15 824 244,35 |

*Bunús dlí*

Cinneadh ón gComhairle an 9 Iúil 1957 maidir le téarmaí tagartha agus rialacha nós imeachta an Choimisiúin um Shábháilteacht agus Sláinte i Mianaigh (IO 28, 31.8.1957, lch. 487).

Coinbhinsiún arna thabhairt i gcrích in 1959 idir Ard-Údarás CEGC agus an Lárionad Idirnáisiúnta Faisnéise um Shláinte agus Sábháilteacht ag an Obair (CIS) de chuid na hOifige Idirnáisiúnta Saothair.

Cinneadh 74/325/CEE ón gComhairle an 27 Meitheamh 1974 maidir le Coiste Comhairleach um Shábháilteacht, Sláinteachas agus Cosaint Sláinte ar an Láthair Oibre a chur ar bun (IO L 185, 9.7.1974, lch. 15).

Cinneadh 74/326/CEE ón gComhairle an 27 Meitheamh 1974 maidir le freagrachtaí an Choimisiúin um Shábháilteacht agus Sláinte i Mianaigh a leathnú chun gach tionscal eastósctha mianraí a chumhdach (IO L 185, 9.7.1974, lch. 18).

**CAIBIDIL 07 06 — SAORÁNAIGH, COMHIONANNAS, CEARTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

***07 06 99*** *(Ar lean.)*

07 06 99 02 *(Ar lean.)*

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1), agus na treoracha aonair a bhaineann leis.

Treoir 92/29/CEE ón gComhairle an 31 Márta 1992 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte le haghaidh cóir leighis níos fearr ar bord long (IO L 113, 30.4.1992, lch. 19).

Cinneadh 98/171/CE ón gComhairle an 23 Feabhra 1998 maidir le gníomhaíochtaí de chuid an Chomhphobail a bhaineann le hanailís, taighde agus comhar i réimse na fostaíochta agus an mhargaidh saothair (IO L 63, 4.3.1998, lch. 26).

Cinneadh Uimh. 293/2000/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Eanáir 2000 lena nglactar clár gníomhaíochta Comhphobail (Clár Daphne) (2000-2003) maidir le bearta coisctheacha chun an foréigean i gcoinne leanaí, daoine óga agus ban a chomhrac (IO L 34, 9.2.2000, lch. 1).

Cinneadh 2000/750/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear clár gníomhaíochta Comhphobail chun an t-idirdhealú a chomhrac (2001 go 2006) (IO L 303, 2.12.2000, lch. 23).

Cinneadh Uimh. 50/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Nollaig 2001 lena mbunaítear clár gníomhaíochta Comhphobail chun comhar a spreagadh idir Ballstáit chun an t-eisiamh sóisialta a chomhrac (IO L 10, 12.1.2002, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 1145/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le bearta dreasachta Comhphobail i réimse na fostaíochta (IO L 170, 29.6.2002, lch. 1).

Cinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (IO C 218, 13.9.2003, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 803/2004/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena nglactar clár gníomhaíochta Comhphobail (2004 go 2008) chun an foréigean i gcoinne leanaí, daoine óga, agus ban a chosc agus a chomhrac agus chun íospartaigh agus grúpaí atá i mbaol a chosaint (clár Daphne II) (IO L 143, 30.4. 2004, lch. 1).

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2005 lena mbunaítear creatchlár don tréimhse 2007 2013 um Chearta Bunúsacha agus um Cheartas (COM(2005) 122).

Cinneadh Uimh. 1554/2005/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 lena leasaítear Cinneadh 2001/51/CE ón gComhairle lena mbunaítear clár a bhaineann le creatstraitéis Comhphobail maidir le comhionannas inscne agus Cinneadh 848/2004/CE lena mbunaítear clár gníomhaíochta Comhphobail chun eagraíochtaí atá gníomhach ar an leibhéal Eorpach i réimse an chomhionannais idir fir agus mná a chur chun cinn (IO L 255, 30.9.2005, lch. 9).

Cinneadh Uimh. 1672/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear clár Comhphobail um Fhostaíocht agus um Dhlúthpháirtíocht Shóisialta — Progress (IO L 315, 15.11.2006, lch. 1).

Cinneadh 2007/252/CE ón gComhairle an 19 Aibreán 2007 lena mbunaítear don tréimhse 2007-2013 an Clár Sonrach 'Cearta bunúsacha agus saoránacht' mar chuid den chlár ginearálta 'Cearta Bunúsacha agus Ceartas' (IO L 110, 27.4.2007, lch. 33).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA*

**CAIBIDIL 07 06 — SAORÁNAIGH, COMHIONANNAS, CEARTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

***07 06 99*** *(Ar lean.)*

07 06 99 02 *(Ar lean.)*

Cinneadh Uimh. 779/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 lena mbunaítear clár sonrach don tréimhse 2007-2013 chun an foréigean i gcoinne leanaí, daoine óga agus ban a chosc agus a chomhrac agus chun íospartaigh agus grúpaí atá i mbaol a chosaint (clár Daphne III) mar chuid den Chlár Ginearálta 'Cearta Bunúsacha agus Ceartas' (IO L 173, 3.7.2007, lch. 19).

Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht don tréimhse 2014-2020 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 62), agus go háirithe Airteagal 4(1), pointí (e) go (i), agus Airteagal 5(1) de.

Cúram a eascraíonn as sainphribhléidí an Choimisiúin ar an leibhéal institiúideach, dá bhforáiltear in Airteagal 58(2) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh (IO L 130, 17.5.2019, lch. 55).

**CAIBIDIL 07 07 — CEARTAS**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 07 07 | CEARTAS | | | | | | | | |
| **07 07 01** | ***Comhar breithiúnach a chur chun cinn*** | 2.2 | 10 986 570 | 12 954 144 | 11 103 750 | 7 417 056 | 11 443 600,— | 8 556 139,66 | 66,05 |
| **07 07 02** | ***Tacaíocht d'oiliúint bhreithiúnach*** | 2.2 | 15 869 490 | 4 923 832 | 16 038 750 | 14 125 413 | 14 175 298,50 | 8 193 687,40 | 166,41 |
| **07 07 03** | ***Rochtain éifeachtach ar an gceartas a chur chun cinn*** | 2.2 | 13 834 940 | 18 365 198 | 13 982 500 | 10 828 887 | 17 038 101,50 | 12 262 219,33 | 66,77 |
| **07 07 99** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 07 07 99 01 | Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo i réimse an Cheartais a chur i gcrích (roimh 2021) | 2.2 | p.m. | 1 173 794 | p.m. | 6 346 247 | 0,— | 8 968 212,63 | 764,04 |
| | *Airteagal 07 07 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 1 173 794 | p.m. | 6 346 247 | 0,— | 8 968 212,63 | 764,04 |
| | **Caibidil 07 07 — IOMLÁN** | | **40 691 000** | **37 416 968** | **41 125 000** | **38 717 603** | **42 657 000,—** | **37 980 259,02** | **101,51** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go rannchuideofar le forbairt bhreise a dhéanamh ar limistéar Eorpach ceartais atá bunaithe ar an smacht reachta, lena n-áirítear neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na breithiúnachta, ar aitheantas frithpháirteach agus ar mhuinín fhrithpháirteach, agus ar chomhar breithiúnach, agus ar an gcaoi sin an daonlathas, an smacht reachta agus cosaint ceart bunúsach a neartú freisin.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/693 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Cheartas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1382/2013 (IO L 156, 5.5.2021, lch. 21).

**CAIBIDIL 07 07 — CEARTAS** *(Ar lean.)*

### *07 07 01 Comhar breithiúnach a chur chun cinn*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 10 986 570 | 12 954 144 | 11 103 750 | 7 417 056 | 11 443 600,— | 8 556 139,66 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar éascú comhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla agus tacaíocht don chomhar sin, agus cur chun cinn an smachta reachta agus neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na breithiúnachta, lena n-áirítear trí thacú le hiarrachtaí chun feabhas a chur ar éifeachtacht na gcóras ceartais náisiúnta agus ar fhorfheidhmiú na gcinntí.

Saothrófar na cuspóirí sin trí thacaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí seo a leanas go háirithe: ardú feasachta, foghlaim fhrithpháirteach, gníomhaíochtaí anailíseacha agus faireacháin, oiliúint, forbairt agus cothabháil uirlisí TFC, agus tacaíocht do líonraí Eorpacha agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

### *07 07 02 Tacaíocht d'oiliúint bhreithiúnach*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 15 869 490 | 4 923 832 | 16 038 750 | 14 125 413 | 14 175 298,50 | 8 193 687,40 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an tacaíocht d'oiliúint bhreithiúnach agus cur chun cinn na hoiliúna sin, d'fhonn cultúr coiteann ó thaobh dlí, breithiúnachta agus smacht reachta de a chothú, agus cur chun feidhme comhsheasmhach agus éifeachtach ionstraimí reachtúla an Aontais atá ábhartha do chomhthéacs an chláir um Cheartas.

Saothrófar an cuspóir sin trí thacaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí seo a leanas go háirithe: ardú feasachta, foghlaim fhrithpháirteach, gníomhaíochtaí anailíseacha agus faireacháin, oiliúint, forbairt agus cothabháil uirlisí TFC, agus tacaíocht do líonraí Eorpacha agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

### *07 07 03 Rochtain éifeachtach ar an gceartas a chur chun cinn*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 13 834 940 | 18 365 198 | 13 982 500 | 10 828 887 | 17 038 101,50 | 12 262 219,33 |

**CAIBIDIL 07 07 — CEARTAS** *(Ar lean.)*

***07 07 03*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar éascú na rochtana éifeachtaí neamh-idirdhealaithí do gach duine ar an gceartas, agus ar leigheas éifeachtach, lena n-áirítear trí mheán leictreonach, trí nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla éifeachtacha a chur chun cinn agus trí chearta íospartaigh uile na coireachta a chur chun cinn agus tacú leo, mar aon le cearta nós imeachta na ndaoine ar amhrastaigh agus daoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla iad.

Saothrófar an cuspóir sin trí thacaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí seo a leanas go háirithe: ardú feasachta, foghlaim fhrithpháirteach, gníomhaíochtaí anailíseacha agus faireacháin, oiliúint, forbairt agus cothabháil uirlisí TFC, agus tacaíocht do líonraí Eorpacha agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

***07 07 99*** ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin airteagal seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

07 07 99 01 Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo i réimse an Cheartais a chur i gcrích (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 1 173 794 | p.m. | 6 346 247 | 0,— | 8 968 212,63 |

*Bunús dlí*

Cinneadh 2001/470/CE ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 lena mbunaítear Gréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO L 174, 27.6.2001, lch. 25).

Rialachán (CE) Uimh. 743/2002 ón gComhairle an 25 Aibreán 2002 lena mbunaítear creat ginearálta gníomhaíochtaí Comhphobail chun cur chun feidhme comhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta a éascú (IO L 115, 1.5.2002, lch. 1).

Cinneadh 2004/100/CE ón gComhairle an 26 Eanáir 2004 lena mbunaítear clár gníomhaíochta Comhphobail chun saoránacht Eorpach ghníomhach a chur chun cinn (rannpháirtíocht saoránach) (IO L 30, 4.2.2004, lch. 6).

Cinneadh 2007/126/CBG ón gComhairle an 12 Feabhra 2007 lena mbunaítear an Clár Sonrach 'Ceartas Coiriúil' don tréimhse 2007 go 2013 mar chuid den Chlár Ginearálta um Chearta Bunúsacha agus um Cheartas (IO L 58, 24.2.2007, lch. 13).

Cinneadh Uimh. 1149/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear an Clár Sonrach 'Ceartas Sibhialta' don tréimhse 2007 go 2013 mar chuid den Chlár Ginearálta 'Cearta Bunúsacha agus Ceartas' (IO L 257, 3.10.2007, lch. 16).

**CAIBIDIL 07 07 — CEARTAS** *(Ar lean.)*

***07 07 99*** *(Ar lean.)*

07 07 99 01 *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) Uimh. 1382/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár um Cheartas don tréimhse 2014 go 2020 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 73).

**CAIBIDIL 07 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE AGUS OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 07 10 | GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE AGUS OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH | | | | | | | | |
| ***07 10 01*** | ***An Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound)*** | 2.2 | 24 039 972 | 24 039 972 | 23 577 089 | 23 577 089 | 21 777 810,— | 21 777 810,— | 90,59 |
| ***07 10 02*** | ***An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA)*** | 2.2 | 16 501 065 | 16 501 065 | 16 306 443 | 16 306 443 | 15 659 825,— | 15 598 833,39 | 94,53 |
| ***07 10 03*** | ***An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop)*** | 2.2 | 19 153 055 | 19 153 055 | 18 883 371 | 18 883 371 | 18 232 999,— | 17 832 998,62 | 93,11 |
| ***07 10 04*** | ***Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)*** | 2.2 | 26 463 318 | 26 463 318 | 24 575 125 | 24 575 125 | 23 634 390,— | 23 634 390,— | 89,31 |
| ***07 10 05*** | ***An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)*** | 2.2 | 9 101 373 | 9 101 373 | 8 594 058 | 8 594 058 | 8 158 093,— | 8 158 093,— | 89,64 |
| ***07 10 06*** | ***An Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF)*** | 2.2 | 23 099 791 | 23 099 791 | 22 534 093 | 22 534 093 | 21 378 798,— | 21 378 797,25 | 92,55 |
| ***07 10 07*** | ***Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust)*** | 2.2 | 55 594 172 | 60 247 172 | 48 806 460 | 53 839 460 | 50 003 578,— | 48 906 899,— | 81,18 |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | | *2 158 000* | *1 693 000* | *3 666 000* | *3 666 000* | | | |
| | | | 57 752 172 | 61 940 172 | 52 472 460 | 57 505 460 | 50 003 578,— | 48 906 899,— | |
| ***07 10 08*** | ***Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)*** | 2.2 | 70 307 729 | 70 307 729 | 65 101 095 | 65 101 095 | 51 201 846,— | 51 201 846,— | 72,83 |
| ***07 10 09*** | ***An tÚdarás Eorpach Saothair (ELA)*** | 2.2 | 48 426 694 | 35 476 694 | 39 435 114 | 29 214 114 | 34 689 842,— | 26 397 342,— | 74,41 |
| | **Caibidil 07 10 — IOMLÁN** | | **292 687 169** | **284 390 169** | **267 812 848** | **262 624 848** | **244 737 181,—** | **234 887 009,26** | **82,59** |
| | ***Cúlchistí (30 02 02)*** | | ***2 158 000*** | ***1 693 000*** | ***3 666 000*** | ***3 666 000*** | | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | | **294 845 169** | **286 083 169** | **271 478 848** | **266 290 848** | **244 737 181,—** | **234 887 009,26** | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar foireann na ngníomhaireachtaí díláraithe agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus caiteachas riaracháin (Teidil 1 agus 2) agus, i gcás inarb infheidhme, caiteachas oibríochtúil a bhaineann leis an gclár oibre (Teideal 3).

Leagtar pleananna bunaíochta na ngníomhaireachtaí agus OIPE amach san Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

Ní mór do na gníomhaireachtaí agus do OIPE Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi aistrithe leithreasuithe idir caiteachas oibríochtúil agus caiteachas riaracháin.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, méideanna a aisíoctar i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1) agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

### *07 10 01 An Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound)*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 24 039 972 | 24 039 972 | 23 577 089 | 23 577 089 | 21 777 810,— | 21 777 810,— |

*Barúlacha*

Déanann an Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound) eolas tábhachtach a chur ar fáil agus a scaipeadh faoi chúrsaí a bhaineann le hobair agus cúrsaí sóisialta chun rannchuidiú le beartais sna réimsí sin atá fónta agus fianaise-bhunaithe. Baineann a phríomhghníomhaíocht le taighde i réimsí na fostaíochta, na ndálaí oibre, an chaidrimh thionsclaíoch agus na cáilíochta saoil. Le gníomhaíochtaí Eurofound, rannchuidítear leis na tosaíochtaí seo a leanas: rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú agus an dífhostaíocht a chomhrac trí phoist a chruthú, feidhmiú an mhargaidh saothair a fheabhsú agus lánpháirtiú agus an comhionannas inscne a chur chun cinn, dálaí oibre a fheabhsú agus an obair a dhéanamh inbhuanaithe ar feadh an tsaoil, an caidreamh tionsclaíocht a fhorbairt chun réitigh chothromasacha agus tháirgiúla a áirithiú i gcomhthéacs na mbeartas atá ag athrú, agus caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn i bhfianaise éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus neamhionannais shóisialta a bheith ann amhail an bhearna fostaíochta idir na hinscní agus an bhearna phá idir na hinscní.

Tá cuid den leithreasú seo beartaithe do staidéir ar dhálaí oibre agus ar chaidreamh tionsclaíoch a dhéanamh chun tacú le beartais a áiritheoidh go mbeidh tuilleadh post agus poist níos fearr ann, rud a dhéanfaidh an obair níos inbhuanaithe agus a neartóidh an t-idirphlé sóisialta san Eoraip.

Tá cuid eile den leithreasú seo beartaithe do staidéir agus taighde réamhbhreathnaitheach a dhéanamh ar mhargaí saothair, go sonrach faireachán agus réamhaíocht a dhéanamh ar athrú struchtúrach, ar a thionchar ar fhostaíocht agus ar bhainistiú na n-iarmhairtí.

**CAIBIDIL 07 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE AGUS OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH** *(Ar lean.)*

***07 10 01*** *(Ar lean.)*

Leis an leithreasú seo, cumhdófar freisin taighde agus bailiú eolais ar dhálaí maireachtála agus ar cháilíocht saoil agus béim ar leith á leagan ar bheartais shóisialta agus ar ról na seirbhísí poiblí i bhfeabhas a chur ar cháilíocht saoil. Leis an leithreasú seo, cumhdaítear freisin taighde ar conas an saol gairmiúil a réiteach leis an saol príobháideach agus ar fhostaíocht fhorbhásach, lena n-áirítear miondealú de réir inscne.

Ar deireadh, úsáidfear an leithreasú seo chun anailís a dhéanamh ar thionchar an digitithe ar na réimsí uile a shonraítear thuas agus chun staidéir a dhéanamh a rannchuideoidh le beartais arb é an cóineasú aníos san Aontas is aidhm dóibh.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 24 054 000 |
| *an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (airteagal ioncaim 6 6 2)* | 14 028 |
| An méid arna iontráil sa bhuiséad | 24 039 972 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle (IO L 30, 31.1.2019, lch. 74).

***07 10 02*** ***An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 16 501 065 | 16 501 065 | 16 306 443 | 16 306 443 | 15 659 825,— | 15 598 833,39 |

*Barúlacha*

Tá an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) meáite ar an Eoraip a dhéanamh níos sábháilte, níos sláintiúla agus níos táirgiúla mar áit oibre. Déanann EU-OSHA rioscaí nua ag an obair agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus a mheasúnú, agus an tsábháilteacht agus an tsláinte ag an obair a phríomhshruthú i réimsí eile beartais amhail an t-oideachas, an tsláinte phoiblí agus taighde. Ardaíonn EU-OSHA feasacht ar a thábhachtaí atá sláinte agus sábháilteacht oibrithe do rialtais, d’eagraíochtaí fostóirí agus fostaithe, d’institiúidí, comhlachtaí agus líonraí an Aontais agus do chuideachtaí príobháideacha, agus scaipeann sé eolas ina leith.

Is é cuspóir EU-OSHA faisnéis theicniúil, eolaíoch agus eacnamaíoch agus saineolas cáilithe a sholáthar d’institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, do na Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair. Tabharfar aird ar leith ar ghnéithe inscne i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair.

**CAIBIDIL 07 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE AGUS OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH** *(Ar lean.)*

***07 10 02*** *(Ar lean.)*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na bearta is gá chun cúraimí EU-OSHA mar a shainítear iad i Rialachán (AE) 2019/126 a bhaint amach, agus go háirithe:

— bearta a bhaineann le hardú feasachta agus réamh-mheas rioscaí, agus béim ar leith á cur ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide,

— an Fhaireachlann Eorpach um Rioscaí a oibriú bunaithe ar shamplaí den dea-chleachtas arna mbailiú ó ghnólachtaí nó ó réimsí sonracha gníomhaíochtaí,

— uirlisí ábhartha a ullmhú agus a sholáthar d’fhiontair níos lú chun cuidiú leo sláinte agus sábháilteacht a bhainistiú ag an obair,

— an líonra ina bhfuil príomh-eilimintí na ngréasán náisiúnta faisnéise a oibriú, lena n-áirítear eagraíochtaí náisiúnta na bhfostóirí agus na bhfostaithe, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, mar aon leis na pointí fócasacha náisiúnta,

— malartuithe taithí, faisnéise agus dea-chleachtais a eagrú, lena n-áirítear i gcomhar leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile,

— tíortha is iarrthóirí a chomhtháthú sna gréasáin faisnéise sin agus uirlisí oibre a cheapadh a bheidh oiriúnach dá staid shonrach,

— an Feachtas Eorpach maidir le Láithreacha Oibre Sláintiúla a eagrú agus a reáchtáil mar aon leis an tSeachtain Eorpach maidir le Sláinte agus Sábháilteacht, lena ndírítear ar rioscaí agus riachtanais shonracha úsáideoirí agus tairbhithe deiridh.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 16 790 319 |
| *an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (airteagal ioncaim 6 6 2)* | 289 254 |
| An méid arna iontráil sa bhuiséad | 16 501 065 |

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 590 738 | 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle (IO L 30, 31.1.2019, lch. 58).

**CAIBIDIL 07 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE AGUS OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH** *(Ar lean.)*

## *07 10 03 An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop)*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 19 153 055 | 19 153 055 | 18 883 371 | 18 883 371 | 18 232 999,— | 17 832 998,62 |

*Barúlacha*

Tacaíonn an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) le beartais an Aontais i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna mar aon le beartais scileanna agus cáilíochta a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chur chun feidhme trína bheith ag obair leis an gCoimisiún, leis na Ballstáit agus leis na comhpháirtithe sóisialta. Chuige sin, feabhsaíonn agus scaipeann Cedefop eolas, soláthraíonn sé fianaise agus seirbhísí chun críoch an cheaptha beartas, lena n-áirítear conclúidí atá bunaithe ar thaighde, agus éascaíonn sé comhroinnt eolais i measc gníomhairí de chuid an Aontais agus gníomhairí náisiúnta agus eatarthu.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 19 459 000 |
| *an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (airteagal ioncaim 6 6 2)* | 305 945 |
| An méid arna iontráil sa bhuiséad | 19 153 055 |

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 685 679 | 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle (IO L 30, 31.1.2019, lch. 90).

## *07 10 04 Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 26 463 318 | 26 463 318 | 24 575 125 | 24 575 125 | 23 634 390,— | 23 634 390,— |

**CAIBIDIL 07 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE AGUS OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH** *(Ar lean.)*

***07 10 04*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Is é cuspóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) cúnamh a thabhairt agus saineolas a sholáthar i réimse na gceart bunúsach d'institiúidí, do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais, agus d'údaráis na mBallstát le linn dóibh dlí an Aontais a chur chun feidhme. Agus an cúnamh sin á thabhairt agus an saineolas sin á sholáthar, tacaíonn FRA leo cearta bunúsacha a urramú go hiomlán le linn dóibh bearta a dhéanamh nó cur chuige a cheapadh laistigh dá réimsí inniúlachta féin.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 26 566 000 |
| *an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (airteagal ioncaim 6 6 2)* | 102 682 |
| An méid arna iontráil sa bhuiséad | 26 463 318 |

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 603 000 | 6 6 2 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (IO L 53, 22.2.2007, lch. 1).

Rialachán (CE) 2022/555 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (IO L 108, 7.4.2022, lch. 1).

***07 10 05*** ***An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 9 101 373 | 9 101 373 | 8 594 058 | 8 594 058 | 8 158 093,— | 8 158 093,— |

*Barúlacha*

Rannchuidíonn an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) le cur chun cinn an chomhionannais inscne, agus déanann sí é a neartú, lena n-áirítear príomhshruthú inscne i ngach beartas an Aontais agus sna beartais náisiúnta is toradh orthu, agus leis an gcomhrac i gcoinne an idirdhealaithe ar bhonn gnéis agus inscne, agus le hardú feasachta shaoránaigh an Aontais ar an gcomhionannas inscne trí chúnamh teicniúil a thabhairt d'institiúidí an Aontais, go háirithe don Choimisiún, agus d'údaráis na mBallstát.

**CAIBIDIL 07 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE AGUS OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH** *(Ar lean.)*

***07 10 05*** *(Ar lean.)*

Déanann EIGE, *inter alia*, na cúraimí seo a leanas:

— faisnéis oibiachtúil inchomparáide iontaofa a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh a mhéid a bhaineann le comhionannas inscne, lena n-áirítear torthaí taighde agus dea-chleachtais,

— modhanna a fhorbairt chun feabhas a chur ar oibiachtúlacht, inchomparáideacht agus iontaofacht sonraí ar an leibhéal Eorpach trí chritéir a leagan síos a chuirfidh feabhas ar chomhsheasmhacht na faisnéise agus a chuirfidh saincheisteanna inscne san áireamh agus sonraí á mbailiú,

— uirlisí modheolaíochta a fhorbairt, anailís agus meastóireacht a dhéanamh orthu, agus iad a scaipeadh chun tacú le comhtháthú an chomhionannais inscne i ngach beartas de chuid an Aontais agus sna beartais náisiúnta is toradh orthu agus chun tacú leis an bpríomhshruthú inscne i ngach institiúid agus comhlacht de chuid an Aontais,

— cruinnithe saineolaithe a eagrú chun tacú le taighde na hinstitiúide, an malartú faisnéise idir taighdeoirí a spreagadh agus cuimsiú ghné na hinscne ina gcuid taighde a chur chun cinn,

— feasacht shaoránaigh an Aontais a mhúscailt faoin gcomhionannas inscne, faisnéis a scaipeadh maidir le dea-chleachtais agus acmhainní doiciméadachta a chur ar fáil don phobail,

— faisnéis a sholáthar d'institiúidí an Aontais maidir le comhionannas inscne agus príomhshruthú inscne sna tíortha aontachais agus sna tíortha is iarrthóirí.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 9 349 488 |
| *an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (airteagal ioncaim 6 6 2)* | 248 115 |
| An méid arna iontráil sa bhuiséad | 9 101 373 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le hInstitiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne a bhunú (IO L 403, 30.12.2006, lch. 9).

***07 10 06*** ***An Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 23 099 791 | 23 099 791 | 22 534 093 | 22 534 093 | 21 378 798,— | 21 378 797,25 |

*Barúlacha*

I gcomhthéacs bheartais chaidrimh sheachtracha an Aontais, cuidíonn an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF) le tíortha i mbun aistrithe agus le tíortha i mbéal forbartha leas a bhaint as acmhainneacht a gcaipitil dhaonna trí athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras gairmoideachais agus ar an gcóras gairmoiliúna ó thaobh na foghlama ar feadh an tsaoil de.

**CAIBIDIL 07 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE AGUS OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH** *(Ar lean.)*

***07 10 06*** *(Ar lean.)*

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 23 162 000 |
| *an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais* | 62 209 |
| An méid arna iontráil sa bhuiséad | 23 099 791 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1339/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (IO L 354, 31.12.2008, lch. 82).

***07 10 07*** ***Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 07 10 07 | 55 594 172 | 60 247 172 | 48 806 460 | 53 839 460 | 50 003 578,— | 48 906 899,— |
| *Cúlchistí (30 02 02)* | *2 158 000* | *1 693 000* | *3 666 000* | *3 666 000* | | |
| IOMLÁN | 57 752 172 | 61 940 172 | 52 472 460 | 57 505 460 | 50 003 578,— | 48 906 899,— |

*Barúlacha*

Is é cuspóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) tacú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir údaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh agus an comhordú agus an comhar sin a threisiú i ndáil le coireacht thromchúiseach a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó. Gníomhaíonn sé ar iarraidh ó údaráis na mBallstát, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do OIPE laistigh de theorainneacha inniúlacht OIPE, agus tacaíonn sé le Ballstáit trí iarrataí ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach a bhrostú, cineálacha cur chuige comhordaithe i leith gníomhaíochtaí oibríochtúla a eagrú, agus tacaíocht oibríochtúil agus airgeadais araon a thabhairt d'fhoirne comhpháirteacha imscrúdúcháin.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 57 929 612 |
| *an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (airteagal ioncaim 6 6 2)* | 177 440 |
| An méid arna iontráil sa bhuiséad | 57 752 172 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinnidh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an Cinneadh sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138).

**CAIBIDIL 07 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE AGUS OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH** *(Ar lean.)*

***07 10 07*** *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) 2022/838 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 a mhéid a bhaineann le fianaise a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil ag Eurojust, ar fianaise í a bhaineann le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara (IO L 148, 31.5.2022, lch. 1).

Rialachán (AE) 2023/969 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear ardán comhoibrithe chun tacú le feidhmiú na bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 132, 17.5.2023, lch. 1).

Rialachán (AE) 2023/2131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta (IO L, 2023/2131, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/2023/2131/oj).

***07 10 08*** ***Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 70 307 729 | 70 307 729 | 65 101 095 | 65 101 095 | 51 201 846,— | 51 201 846,— |

*Barúlacha*

Cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29) agus arna gcinneadh faoi Rialachán (AE) 2017/1939, tá Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) freagrach as déantóirí na gcionta coiriúla sin agus as a gcomhchoirithe a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais. Chuige sin, déanann OIPE imscrúduithe agus gníomhartha ionchúisimh agus feidhmíonn sé feidhmeanna ionchúisitheora i gcúirteanna inniúla na mBallstát, go dtí go ndiúscrófar an cás go críochnaitheach.

Tá sé beartaithe go gcumhdófar leis an leithreasú seo caiteachas OIPE a bhaineann le hearcaíocht agus leis an bhfoireann, le foirgnimh (lena n-áirítear slándáil na bhfoirgneamh), le bonneagar agus caiteachas riaracháin a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise (Teidil 1 agus 2). Áirítear leis an caiteachas oibríochtúil a bhaineann leis na costais a bhaineann le himscrúduithe OIPE i gcomhréir le hAirteagal 91(5) agus (6) de Rialachán (AE) 2017/1939, córas bainistithe cásanna OIPE, an t-ardán malartaithe TF idir Lároifig OIPE, na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha agus údaráis bhreithiúnacha agus forfheidhmithe dlí eile sna Ballstáit, ar príomhghné é de dhea-fheidhmiú OIPE, agus forálacha maidir le seirbhísí dlúthchosanta d'fhoireann shinsearach OIPE, na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha a íoc agus costais shubstaintiúla aistriúcháin a chumhdach le haghaidh riachtanais oibríochtúla OIPE (Teideal 3).

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 71 888 321 |
| *an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (airteagal ioncaim 6 6 2)* | 1 580 592 |
| An méid arna iontráil sa bhuiséad | 70 307 729 |

**CAIBIDIL 07 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE AGUS OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH** *(Ar lean.)*

***07 10 08*** *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

***07 10 09*** ***An tÚdarás Eorpach Saothair (ELA)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 48 426 694 | 35 476 694 | 39 435 114 | 29 214 114 | 34 689 842,— | 26 397 342,— |

*Barúlacha*

Is é cuspóir an Údaráis Eorpaigh Saothair (ELA) rannchuidiú le soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a áirithiú ar fud an Aontais agus cuidiú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún i gcomhordú na gcóras slándála sóisialta laistigh den Aontas. Chuige sin, tá ELA le rochtain a éascú ar fhaisnéis faoi chearta agus oibleagáidí maidir le soghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais, chomh maith le rochtain ar sheirbhísí ábhartha; comhar idir na Ballstáit a éascú agus a fheabhsú i bhforfheidhmiú dhlí ábhartha an Aontais ar fud an Aontais, lena n-áirítear cigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha a éascú; idirghabháil a dhéanamh agus réiteach a éascú i gcás díospóidí trasteorann idir na Ballstáit; agus tacú leis an gcomhar idir na Ballstáit chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na bearta is gá chun cúraimí ELA a bhaint amach, go háirithe na nithe seo a leanas:

- rochtain ar fhaisnéis a éascú agus an líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES) a chomhordú,
- comhar agus malartú faisnéise idir na Ballstáit a éascú d'fhonn dlí ábhartha an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach, go héifeachtúil agus go héifeachtach,
- cigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha a chomhordú agus tacaíocht a thabhairt dóibh,
- anailísí agus measúnuithe riosca a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le soghluaisteacht thrasteorann an lucht saothair,
- tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit ó thaobh fothú acmhainneachta de chun dlí ábhartha an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach,
- tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe,
- idirghabháil a dhéanamh i ndíospóidí idir Ballstáit faoi chur chun feidhme dhlí ábhartha an Aontais.

**CAIBIDIL 07 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE AGUS OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH** *(Ar lean.)*

***07 10 09*** *(Ar lean.)*

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais<br>*an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais (airteagal ioncaim 6 6 2)* | 48 426 694 |
| An méid arna iontráil sa bhuiséad | 48 426 694 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus Rialachán (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 21).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA*

## CAIBIDIL 07 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 07 20 | TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | | | | | | | | |
| ***07 20 01*** | ***Treoirthionscadail*** | 2.2 | 9 040 000 | 14 354 967 | 12 740 500 | 14 763 876 | 15 039 983,— | 10 090 444,25 | 70,29 |
| ***07 20 02*** | ***Gníomhaíochtaí ullmhúcháin*** | 2.2 | 16 787 500 | 24 359 473 | 18 850 000 | 32 210 706 | 20 000 000,— | 37 481 058,17 | 153,87 |
| ***07 20 03*** | ***Gníomhaíochtaí eile*** | | | | | | | | |
| 07 20 03 01 | Saorghluaiseacht oibrithe, comhordú scéimeanna slándála sóisialta agus bearta d'imircigh, lena n-áirítear imircigh as tríú tíortha | 2.2 | 7 900 000 | 7 000 000 | 7 900 000 | 6 000 000 | 7 760 256,34 | 6 196 174,14 | 88,52 |
| | *Airteagal 07 20 03 — Fo-iomlán* | | 7 900 000 | 7 000 000 | 7 900 000 | 6 000 000 | 7 760 256,34 | 6 196 174,14 | 88,52 |
| ***07 20 04*** | ***Gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus cumhachtaí sonracha arna dtabhairt don Choimisiún*** | | | | | | | | |
| 07 20 04 01 | Gníomhaíochtaí ilmheán | 2.2 | 20 738 882 | 13 273 586 | 20 559 698 | 17 249 328 | 20 384 212,65 | 22 966 789,98 | 173,03 |
| 07 20 04 02 | Seirbhísí cumarsáide feidhmiúcháin agus corparáideacha | 2.2 | 48 334 000 | 47 978 000 | 47 916 000 | 47 199 000 | 43 559 000,— | 40 404 000,— | 84,21 |
| 07 20 04 03 | Ionadaíochtaí an Choimisiúin | 2.2 | 28 070 000 | 24 958 000 | 27 826 000 | 24 554 000 | 27 587 791,96 | 26 509 000,— | 106,21 |
| 07 20 04 04 | Seirbhísí cumarsáide do shaoránaigh | 2.2 | 33 068 000 | 32 844 000 | 32 783 000 | 32 310 000 | 36 451 000,— | 30 339 688,09 | 92,38 |
| 07 20 04 05 | Áras Stair na hEorpa | 2.2 | 3 000 000 | 3 000 000 | 3 000 000 | 3 000 000 | 3 000 000,— | 3 000 000,— | 100 |
| 07 20 04 06 | Inniúlachtaí sonracha i réimse an bheartais shóisialta, lena n-áirítear idirphlé sóisialta | 2.2 | 23 221 446 | 20 000 000 | 23 219 084 | 18 650 000 | 24 019 796,37 | 18 943 277,09 | 94,72 |
| 07 20 04 07 | Gníomhaíochtaí eile i réimse na gceart bunúsach | 2.2 | 921 815 | 900 000 | 913 850 | 900 000 | 906 050,— | 351 472,93 | 39,05 |

**CAIBIDIL 07 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíoch-taí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **07 20 04** | *(Ar lean.)* | | | | | | | | |
| 07 20 04 08 | Anailís agus staidéir ar an staid shóisialta, ar dhéimeagrafaíocht agus ar an teaghlach | 2.2 | 1 994 237 | 2 500 000 | 2 500 000 | 2 500 000 | 3 138 710,— | 1 685 816,24 | 67,43 |
| 07 20 04 09 | Bearta faisnéise agus oiliúna d'eagraíochtaí oibrithe | 2.2 | 23 728 699 | 21 500 000 | 22 532 322 | 21 100 000 | 22 305 945,95 | 19 586 091,40 | 91,10 |
| | *Airteagal 07 20 04 — Fo-iomlán* | | 183 077 079 | 166 953 586 | 181 249 954 | 167 462 328 | 181 352 506,93 | 163 786 135,73 | 98,10 |
| | **Caibidil 07 20 — IOMLÁN** | | **216 804 579** | **212 668 026** | **220 740 454** | **220 436 910** | **224 152 746,27** | **217 553 812,29** | **102,30** |

## *07 20 01 Treoirthionscadail*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 9 040 000 | 14 354 967 | 12 740 500 | 14 763 876 | 15 039 983,— | 10 090 444,25 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go maoineofar cur chun feidhme treoirthionscadal de chineál turgnamhach arna cheapadh chun tástáil a dhéanamh ar a indéanta agus ar a úsáidí atá gníomhaíochtaí.

Leagtar liosta na dtreoirthionscadal amach in Iarscríbhinn 'Treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin' a ghabhann leis an roinn seo, faoi chaibidil PP 07.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

## *07 20 02 Gníomhaíochtaí ullmhúcháin*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 16 787 500 | 24 359 473 | 18 850 000 | 32 210 706 | 20 000 000,— | 37 481 058,17 |

COIMISIÚN

*TEIDEAL 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA*

**CAIBIDIL 07 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***07 20 02*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin airteagal seo go maoineofar gníomhaíochtaí ullmhúcháin a chur chun feidhme i raon feidhme CFAE agus Chonradh Euratom, gníomhaíochtaí ullmhúcháin arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn gníomhaíochtaí a ghlacadh amach anseo.

Leagtar liosta na ngníomhaíochtaí ullmhúcháin amach san Iarscríbhinn 'Treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin' a ghabhann leis an roinn seo, faoi chaibidil PA 07.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***07 20 03*** ***Gníomhaíochtaí eile***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go maoineofar gníomhaíochtaí nach bhfuil san áireamh sna caibidlí roimhe seo den teideal seo ach a bhfuil bunghníomh glactha ina leith.

07 20 03 01 Saorghluaiseacht oibrithe, comhordú scéimeanna slándála sóisialta agus bearta d'imircigh, lena n-áirítear imircigh as tríú tíortha

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 7 900 000 | 7 000 000 | 7 900 000 | 6 000 000 | 7 760 256,34 | 6 196 174,14 |

*Barúlacha*

Is é cuspóir na gníomhaíochta seo saorghluaiseacht chothrom gheografach agus ghairmiúil a chur chun cinn (lena n-áirítear scéimeanna slándála sóisialta a chomhordú) d'oibrithe san Eoraip chun bacainní ar shaorghluaiseacht oibrithe a shárú agus chun rannchuidiú le fíormhargadh saothair a bhunú ar an leibhéal Eorpach.

**CAIBIDIL 07 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE**
*(Ar lean.)*

***07 20 03*** *(Ar lean.)*

07 20 03 01 *(Ar lean.)*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí a thacaíonn le faireachán ar dhlí an Aontais trí líonra saineolaithe ar shaorghluaiseacht an lucht saothair a mhaoiniú, lena n-áirítear saorghluaiseacht agus saorphostú oibrithe agus an tslándáil shóisialta, ag tuairisciú dóibh go tráthrialta ar chur chun feidhme gníomhartha dlí de chuid an Aontais sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais agus ag déanamh anailís agus meastóireacht dóibh ar na mórthreochtaí i reachtaíocht na mBallstát maidir le saorghluaiseacht oibrithe agus comhordú na gcóras slándála sóisialta. Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go gcumhdófar gníomhaíochtaí a thacaíonn le rialachas gníomhartha dlí de chuid an Aontais trí chruinnithe coistí, gníomhaíochtaí ardaithe feasachta, tacaíocht theicniúil maidir le cur chun feidhme agus tacaíocht theicniúil shonrach eile, agus uirlisí digiteacha ábhartha amhail an córas um Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI) a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas go háirithe:

— staidéir, cruinnithe saineolaithe, faisnéis agus foilseacháin freisin atá nasctha go díreach le cuspóirí an chláir nó na mbeart a thiteann faoin mír seo a bhaint amach, agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*,

— anailís agus meastóireacht ar na mórthreochtaí i reachtaíocht na mBallstát maidir le saorghluaiseacht oibrithe agus comhordú córas slándála sóisialta, mar aon le maoiniú líonraí saineolaithe sna réimsí sin,

— anailís agus taighde ar fhorbairtí nua beartais i réimse na saorghluaiseachta oibrithe atá nasctha, mar shampla, le deireadh idirthréimhsí agus le nuachóiriú na bhforálacha maidir le comhordú slándála sóisialta,

— tacaíocht don obair a dhéanann an Coimisiún Riaracháin maidir le Comhordú na gCóras Slándála Sóisialta agus a fhoghrúpaí agus do na bearta leantacha faoi na cinntí a rinneadh, mar aon le tacaíocht d'obair na gCoistí Comhairleacha Teicniúla ar shaorghluaiseacht oibrithe,

— tacaíocht do ghníomhaíochtaí ullmhúcháin i gcomhair chur chun feidhme na rialachán nua maidir leis an tslándáil shóisialta, lena n-áirítear malartuithe trasnáisiúnta taithí agus faisnéise agus tionscnaimh oiliúna arna bhforbairt ar an leibhéal náisiúnta,

— gníomhaíochtaí atá dírithe ar sheirbhís níos fearr a thabhairt agus ar fheasacht an phobail a ardú, lena n-áirítear bearta atá dírithe ar fhadhbanna slándála sóisialta agus fostaíochta oibrithe imirceacha a shainaithint, agus bearta a bhrostaíonn agus a shimplíonn nósanna imeachta riaracháin, anailís inscne-íogair ar na bacainní atá ar shaorghluaiseacht oibrithe agus ar an easpa comhordaithe ar chórais slándála sóisialta agus ar a dtionchar ar dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear nósanna imeachta riaracháin a oiriúnú do theicnící nua próiseála faisnéise, chun feabhas a chur ar an gcóras chun cearta a fháil agus sochair a ríomh agus a íoc de bhun Rialacháin (CEE) Uimh. 1408/71, (CEE) Uimh. 574/72, (CE) Uimh. 859/2003, (CE) Uimh. 883/2004, (CE) Uimh. 987/2009 agus (AE) Uimh. 1231/2010 agus na leasuithe a dhéanfar orthu amach anseo,

— faisnéis agus gníomhaíochtaí a fhorbairt chun an pobal a chur ar an eolas faoina gcearta maidir le saorghluaiseacht oibrithe agus faoi chomhordú scéimeanna slándála sóisialta,

COIMISIÚN
*TEIDEAL 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA*

**CAIBIDIL 07 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***07 20 03*** *(Ar lean.)*

07 20 03 01 *(Ar lean.)*

— tacaíocht d'uirlisí digiteacha ábhartha amhail an malartú leictreonach faisnéise um shlándáil shóisialta idir na Ballstáit d'fhonn cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus a Rialachán Cur Chun Feidhme (CE) Uimh. 987/2009 a éascú, lena n-áirítear cothabháil a dhéanamh ar nód lárnach an chórais EESSI, tástáil ar chomhpháirteanna an chórais, gníomhaíochtaí deisce cabhraí, tacaíocht chun an córas a fhorbairt tuilleadh agus tacaíocht oiliúna.

Déanfar na ranníocaíochtaí ó Stáit CSTE a chur leis na leithreasuithe arna n-iontráil sa mhír seo de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 82 de agus Prótacal 32 a ghabhann leis. Mar eolas, tagann na méideanna sin as ranníocaíochtaí ó Stáit CSTE arna n-iontráil i leith Airteagal 6 3 0 den ráiteas ioncaim, lena gcuimsítear ioncam sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(2), pointe (b), pointe (e) agus pointe (f), den Rialachán Airgeadais; eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur chun feidhme faoin Iarscríbhinn 'Limistéar Eorpach Eacnamaíoch' a ghabhann leis an gcuid seo den ráiteas caiteachais sa roinn seo, ar dlúthchuid den bhuiséad ginearálta í.

*Bunús dlí*

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 45 agus Airteagal 48 de.

Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 ón gComhairle an 14 Meitheamh 1971 maidir le cur i bhfeidhm na scéimeanna slándála sóisialta maidir le daoine fostaithe, daoine féinfhostaithe agus daoine dá dteaghlach atá ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 149, 5.7.1971, lch. 2).

Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 ón gComhairle an 21 Márta 1972 lena leagtar síos an nós imeachta i dtaca le cur chun feidhme Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 maidir le scéimeanna slándála sóisialta a chur i bhfeidhm maidir le daoine fostaithe, daoine féinfhostaithe agus daoine dá dteaghlach atá ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 74, 27.3.1972, lch. 1).

Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1).

Treoir 98/49/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 1998 maidir le cearta pinsin fhorlíontaigh a chosaint do dhaoine fostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe atá ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 209, 25.7.1998, lch. 46).

Rialachán (CE) Uimh. 859/2003 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2003 lena leathnaítear forálacha Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 agus Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 chuig náisiúnaigh tríú tíortha nach gcumhdaítear cheana leis na forálacha sin ar fhoras a náisiúntachta amháin (IO L 124, 20.5.2003, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1).

**CAIBIDIL 07 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***07 20 03*** *(Ar lean.)*

07 20 03 01 *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) Uimh. 1231/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena leathnaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 chuig náisiúnaigh tríú tíortha nach gcumhdaítear cheana leis na Rialacháin sin ar fhoras a náisiúntachta amháin (IO L 344, 29.12.2010, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas (IO L 141, 27.5.2011, lch. 1).

Treoir 2014/50/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le ceanglais íosta i leith soghluaisteacht oibrithe idir na Ballstáit a fheabhsú trí fháil agus coimeád ceart pinsin fhorlíontaigh a fheabhsú (IO L 128, 30.4.2014, lch. 1).

Treoir 2014/54/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le bearta lena n-éascaítear feidhmiú na gceart a thugtar d'oibrithe i gcomhthéacs na saorghluaiseachta d'oibrithe (IO L 128, 30.4.2014, lch. 8).

Treoir 2014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le forfheidhmiú Threoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('Rialachán IMI') (IO L 159, 28.5.2014, lch. 11).

***07 20 04*** ***Gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus cumhachtaí sonracha arna dtabhairt don Choimisiún***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin airteagal seo go maoineofar caiteachas a bhaineann le cúraimí a eascraíonn as sainphribhléidí an Choimisiúin ar an leibhéal institiúideach.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (d), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

07 20 04 01 Gníomhaíochtaí ilmheán

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 20 738 882 | 13 273 586 | 20 559 698 | 17 249 328 | 20 384 212,65 | 22 966 789,98 |

**CAIBIDIL 07 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***07 20 04*** *(Ar lean.)*

07 20 04 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go méadóidh an fhaisnéis ghinearálta atá ar fáil do shaoránaigh faoi ábhair a bhaineann leis an Eoraip agus leis an Aontas ionas go mbeidh saoránaigh in ann lánúsáid a bhaint as a gceart chun bheith ar an eolas faoi bheartais Eorpacha agus chun bheith rannpháirteach iontu, agus chun obair institiúidí an Aontais, na cinntí a dhéantar agus na céimeanna a bhaineann le tógáil an Aontais a dhéanamh níos infheicthe. Baineann sé go bunúsach le cistiú nó le comhchistiú i gcomhair táirgí faisnéise ilmheán (raidió, teilifís, idirlíon, etc.) a léiriú nó a scaipeadh, lena n-áirítear trí mheáin agus trí líonraí uile-Eorpacha atá comhdhéanta de mheáin áitiúla agus náisiúnta a chuireann nuacht ar ghnóthaí Eorpacha ar fáil, mar aon leis na huirlisí is gá chun beartas a fhorbairt ina leith sin.

Cumhdaítear leis an leithreasú seo freisin caiteachas amhail staidéir, cruinnithe, rialuithe *ex post*, cúnamh teicniúil agus riaracháin ó shaineolaithe nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*, meastóireacht agus iniúchadh ar ghníomhaíochtaí atá ann anois nó a bheidh ann amach anseo, staidéir indéantachta, foilseacháin, agus aisíoc costas taistil agus costais ghaolmhara le haghaidh saineolaithe.

I gcás inarb iomchuí, féadfar a bheith san áireamh sna nósanna imeachta soláthair agus deontais go dtabharfaí comhpháirtíochtaí creata i gcrích d'fhonn creat maoinithe chobhsaí do na meáin uile-Eorpacha a chistítear faoin leithreasú seo a chur chun cinn.

07 20 04 02 Seirbhísí cumarsáide feidhmiúcháin agus corparáideacha

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 48 334 000 | 47 978 000 | 47 916 000 | 47 199 000 | 43 559 000,— | 40 404 000,— |

*Barúlacha*

Soláthraítear seirbhísí cumarsáide feidhmiúcháin an Choimisiúin don Uachtarán agus do Choláiste na gCoimisinéirí chun tacú le gníomhaíochtaí cumarsáide an Uachtaráin, an Choláiste, sheirbhís urlabhraí an Choimisiúin agus lucht ardbhainistíochta an Choimisiúin trína áirithiú go gcuirfear faisnéis pholaitiúil agus eacnamaíoch agus comhairle meán ar fáil agus go gcuimseofar i bpróiseas cinnteoireachta an Choimisiúin faisnéis agus anailís ardcháilíochta thírshonrach ó réimse foinsí. Is é a bhíonn mar thoradh air sin i ndeireadh na dála go gceaptar beartais Aontais ar bhealach níos eolasaí le haghaidh na saoránach.

Soláthraítear táirgí agus seirbhísí cumarsáide corparáidí do sheirbhís cumarsáide seachtraí an Choimisiúin agus léirítear leo a ról mar cheannaire an réimse, lena n-áirithítear go mbeidh comhleanúnachas i dteachtaireachtaí an Choimisiúin trí sheirbhísí cumarsáide uile an Choimisiúin a ailíniú ionas go rannchuideofar leo le cumarsáid chorparáideach chomhleanúnach éifeachtach ar thosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin. Is é a bhíonn mar thoradh air sin, céim ar chéim, teachtaireachtaí agus insintí corparáideacha níos soiléire, sainíomhánna brandála agus, de réir a chéile, aithint branda, agus barainneacht scála, agus rannchuidítear ar an gcaoi sin le híomhá níos fearr don Choimisiún agus don Aontas a bhaint amach.

**CAIBIDIL 07 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***07 20 04*** *(Ar lean.)*

07 20 04 02 *(Ar lean.)*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar ghníomhaíochtaí cumarsáide corparáidí, lena n-áirítear costais as ábhar a tháirgeadh, seirbhísí corparáideacha teicniúla a sholáthar, faisnéis a scaipeadh trí ghníomhaíochtaí cumarsáide comhtháite, imeachtaí, staidéir nó meastóireachtaí agus gníomhaíochtaí gairmiúlaithe a eagrú agus rannpháirtíocht iontu, i gcás inarb ábhartha.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a tabhaíodh laistigh den Aontas ar ilmheáin ar líne agus ar fhaisnéis scríofa agus ar uirlisí eile cumarsáide a bhaineann leis an Aontas chun faisnéis ghinearálta a thabhairt do gach saoránach faoi obair institiúidí an Aontais, faoi na cinntí a dhéantar agus faoi na céimeanna a bhaineann le tógáil an Aontais. Is cúram seirbhíse poiblí é sin. De thairbhe uirlisí ar líne agus uirlisí eile cumarsáide, is féidir ceisteanna nó tuairimí na saoránach faoi ábhair Eorpacha a bhailiú. Cuirtear na huirlisí sin ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le treoirlínte an Tionscnaimh maidir le hInrochtaineacht Gréasáin.

Is iad seo na príomhuirlisí atá i gceist:

— suíomh idirlín Europa (arb é atá ann an príomhphointe rochtana lena gcuirtear faisnéis ar fáil do shaoránaigh a bhféadfadh gá a bheith acu léi ina saol laethúil agus dá bhrí sin nach mór a bheith struchtúrtha go soiléir) níos fusa i gcónaí le húsáid agus optamaithe do ghairis mhóibíleacha,

— preaseisiúintí ar líne, bunachair sonraí agus córais faisnéise eile cumarsáide ar líne,

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go gcisteofar na nithe seo a leanas:

— feabhsú shuíomh idirlín Europa chun é a optamú do ghairis mhóibíleacha, chun é a dhíriú ar riachtanais úsáideoirí agus chun úsáid cainéal eile amhail na meáin shóisialta, blaganna agus gréasán 2.0 a dhéanamh níos gairmiúla, lena n-áirítear gach cineál seirbhíse oiliúna, cóitseála agus comhairleoireachta le haghaidh grúpaí éagsúla de pháirtithe leasmhara,

— caiteachas a bhaineann leis na costais óstála agus ceadúnas a ghabhann le suíomh idirlín Europa,

— na costais a bhaineann le láithreacht an Choimisiúin ar na meáin shóisialta a oibriú agus a choinneáil ar bun, lena n-áirítear cúnamh teicniúil agus ceannach ceadúnas le haghaidh an trealaimh agus an ábhair is gá,

— malartú dea-chleachtais, aistriú eolais agus gairmiúlú trí chuairteanna saineolaithe agus cleachtóirí cumarsáide digití agus cumarsáide eile a mhaoiniú,

— caiteachas TF chun córais ábhartha faisnéise agus bhainistíochta a fhorbairt agus a choinneáil ar bun,

— costas na síntiús agus na rochtana ar fhoinsí faisnéise ar líne, amhail gníomhaireachtaí preasa, nuacht ar líne, soláthraithe faisnéise agus bunachair sonraí sheachtracha,

— an oiliúint agus an tacaíocht is gá chun an fhaisnéis sin a rochtain,

— caiteachas meastóireachta agus gairmiúlaithe.

**CAIBIDIL 07 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***07 20 04*** *(Ar lean.)*

07 20 04 02 *(Ar lean.)*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar Eorabharaiméadar agus anailísíocht sonraí. Áirítear leis sin, *inter alia*, anailís ar threochtaí in aigne an phobail, go príomha trí bhíthin pobalbhreitheanna (e.g. suirbhéanna 'Eorabharaiméadair' ar an bpobal i gcoitinne, agus 'flais-suirbhéanna', ar an nguthán, ar phobail faoi leith maidir le hábhair ar leith, ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta nó Eorpach, nó suirbhéanna cáilíochtúla), in éineacht le rialú cáilíochta ar shuirbhéanna den sórt sin.

Cumhdaítear leis an leithreasú seo freisin beartas chun feabhas a chur ar inniúlacht an Choimisiúin anailísíocht sonraí a dhéanamh d'fhonn an bhréagaisnéis agus scaipeadh na bréagnuachta a chomhrac.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais oibriúcháin stiúideonna raidió agus teilifíse an Choimisiúin agus saoráidí faisnéise closamhairc agus ilmheán eile, agus saoráidí cumarsáide eile, in áitribh an Choimisiúin sna Ballstáit uile: foireann agus an trealamh agus an t-ábhar a bhfuil gá leis (cumhdach nuachta, léiriú closamhairc, leabharlann na meán closamhairc, réaltacht fhíorúil etc.) a cheannach, a fhruiliú, a chothabháil agus a dheisiú.

Cumhdaítear leis an leithreasú seo freisin fruiliú satailíte chun faisnéis faoi ghníomhaíochtaí an Aontais a sholáthar do chainéil teilifíse. Tá sé le bainistiú i gcomhréir le prionsabail an chomhair idirinstitiúidigh chun a áirithiú go scaipfear an fhaisnéis uile a bhaineann leis an Aontas.

Cumhdaítear go cothrom leis an leithreasú seo faireachán cáilíochtúil agus anailís cháilíochtúil ar na meáin (lena n-áirítear faireachán nó anailís ar ghníomhaíochtaí meán sóisialta), lena n-áirítear na síntiúis agus na ceadúnais ghaolmhara.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go gcumhdófar faisnéis ghinearálta do shaoránaigh faoi ghníomhaíochtaí an Aontais chun obair institiúidí an Aontais, na cinntí a dhéantar agus na céimeanna a bhaineann le tógáil an Aontais a dhéanamh níos infheicthe, ag díriú go príomha ar na meáin. Na huirlisí a forbraíodh i gcomhair tuiscint agus tuairisciú níos fearr ar shaincheisteanna tráthúla, go háirithe an tacaíocht ghaolmhar i dtaca le cumarsáid, a bhaineann le tosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin, is éard atá iontu go príomha:

— ábhar faisnéise ilmheán (grianghraif, físeáin, etc.) le haghaidh na meán agus ardáin eile, lena n-áirítear iad a fhoilsiú nó a chraoladh agus a chur i dtaisce lárnach chun iad a chaomhnú go fadtéarmach nó a scaipeadh,

— dearadh grafach,

— caiteachas TF chun córais ábhartha faisnéise agus bhainistíochta a fhorbairt agus a choinneáil ar bun,

— seimineáir agus tacaíocht d'iriseoirí.

Cumhdaítear freisin leis an leithreasú seo caiteachas cothrománach, *inter alia*, ar chumarsáid inmheánach, ar staidéir, ar chruinnithe, ar rialuithe *ex post*, ar chúnamh teicniúil agus riaracháin ó shaineolaithe nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*, ar mheastóireacht ar ghníomhaíochtaí cothrománacha nó trasnacha agus ar ghníomhaíochtaí gairmiúlaithe, agus ar aisíoc costas taistil agus costas gaolmhar le haghaidh na ndaoine a n-iarrtar orthu obair an Choimisiúin a leanúint.

**CAIBIDIL 07 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***07 20 04*** *(Ar lean.)*

07 20 04 03 Ionadaíochtaí an Choimisiúin

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 28 070 000 | 24 958 000 | 27 826 000 | 24 554 000 | 27 587 791,96 | 26 509 000,— |

*Barúlacha*

Tá táirgí agus seirbhísí an Choimisiúin saindírithe ar na saoránaigh i ngach Ballstát agus soláthraíonn siad faisnéis do shaoránaigh agus déanann siad teagmháil leo chun a áirithiú go mbíonn seirbhísí cumarsáide ar fáil do shaoránaigh trí theachtaireachtaí simplí soiléire atá furasta a thuiscint agus curtha in oiriúint dá riachtanais, trí mheascán de chainéil agus de mheáin (idir thraidisiúnta agus nua) nó trí chumarsáid dhíreach a dhéanamh le saoránaigh agus malartú smaointe agus rannpháirtíocht a spreagadh duine le duine. Le chéile, cuidíonn na modhanna cumarsáide sin leis na saoránaigh teacht ar fhaisnéis faoi bheartais agus luachanna an Aontais atá cothrom le dáta agus furasta le húsáid. Cuireann sé le feasacht ardaithe agus le tuiscint na saoránach ar ghnóthaí Eorpacha agus spreagann sé dá réir sin spéis na saoránach dul i rannpháirtíocht le fostaithe an Choimisiúin go díreach, cibé acu ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta nó Eorpach.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar ghníomhaíochtaí cumarsáide corparáidí, lena n-áirítear costais as ábhar a tháirgeadh, seirbhísí corparáideacha teicniúla a sholáthar, faisnéis a scaipeadh trí ghníomhaíochtaí cumarsáide comhtháite, imeachtaí, staidéir nó meastóireachtaí agus gníomhaíochtaí gairmiúlaithe a eagrú agus rannpháirtíocht iontu, i gcás inarb ábhartha.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcisteofar faisnéis ghinearálta agus gníomhaíochtaí cumarsáide nó rannpháirtíochta atá dírithe ar shaoránaigh agus ar pháirtithe leasmhara i ngach Ballstát, a sholáthraítear go príomha ag Ionadaíochtaí an Choimisiúin sna Ballstáit, agus cumhdaítear leis na nithe seo a leanas:

— gníomhaíochtaí cumarsáide atá nasctha le tosaíochtaí sonracha polaitiúla bliantúla nó ilbhliantúla de chuid an Choimisiúin, de réir mar a leagtar amach iad in Aitheasc Uachtarán an Choimisiúin ar Staid an Aontais Eorpaigh, Clár Oibre an Choimisiúin agus an Dearbhú Comhpháirteach (i gcomhthéacs chur chun feidhme Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1), agus gníomhaíochtaí cumarsáide *ad hoc* ar scála réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta a réitíonn leis na tosaíochtaí polaitiúla; is féidir na gníomhaíochtaí cumarsáide sin a eagrú i gcomhpháirtíocht le Parlaimint na hEorpa, le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, le Coiste na Réigiún nó leis na Ballstáit (ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil) chun sineirgí a chruthú idir na comhpháirtithe agus chun a ngníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide faoin Aontas a chomhordú,

— imeachtaí doirse oscailte do shaoránaigh,

— idirphlé agus painéil le saoránaigh sna Ballstáit, lena n-áirítear i bhformáidí fíorúla agus hibrideacha, chun glúin nua rannpháirtíochta leis na saoránaigh a chur chun cinn, mar chleachtadh ar an daonlathas rannpháirteach agus mar bhealach chun feabhas a chur ar cheapadh beartas,

**CAIBIDIL 07 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***07 20 04*** *(Ar lean.)*

07 20 04 03 *(Ar lean.)*

— seimineáir agus comhdhálacha mar aon le ceardlanna le spriocghrúpaí sonracha, amhail daoine óga, trí mhodhanna rannpháirtíochta a chur i bhfeidhm agus trí theicneolaíochtaí nua-aimseartha cumarsáide a úsáid,

— imeachtaí agus taispeántais Eorpacha agus gníomhaíochtaí Eorpacha a bhaineann le caidreamh poiblí a eagrú nó rannpháirtíocht iontu, cuairteanna aonair a eagrú, etc.,

— gníomhaíochtaí cumarsáide díri atá spriocdhírithe ar an bpobal i gcoitinne (e.g. seirbhísí comhairle do shaoránaigh),

— gníomhaíochtaí cumarsáide chun bréagaisnéis a chomhrac,

— bearta cumarsáide díri atá spriocdhírithe ar pháirtithe leasmhara agus ar iolraitheoirí tuairime, go háirithe bearta a bhfuil dlús curtha leo agus a bhaineann leis na meáin réigiúnacha agus náisiúnta, ar foinse mhór faisnéise do líon mór saoránach Aontais í,

— bainistiú agus oibriú lárionad faisnéise agus spásanna ilmheáin agus suiteálacha don phobal i gcoitinne,

— for-rochtain trí na meáin shóisialta sna Ballstáit, lena n-áirítear anailísíocht sonraí,

— gníomhaíochtaí áitiúla tacaíochta do Europe Direct agus do líonraí eile a dtacaíonn an Coimisiún leo, amhail oiliúint, comhordú, cúnamh agus cur chun cinn, lena n-áirítear freisin ábhar faisnéise agus táirgí cumarsáide a tháirgeann, a stórálann agus a dháileann na foinsí sin agus a tháirgtear, a stóráiltear agus a dháiltear ar a son freisin,

— caiteachas ar staidéir, ar sheirbhísí lóistíochta, ar chúnamh teicniúil, go háirithe le haghaidh TF lena n-áirítear cothabháil gréasáin, ar chruinnithe saineolaithe agus ar chúnamh teicniúil agus riaracháin ó shaineolaithe nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*, agus ar aisíoc costas taistil agus costas gaolmhar na ndaoine a n-iarrtar orthu obair an Choimisiúin a leanúint,

— caiteachas TF chun córais ábhartha faisnéise agus bhainistíochta a fhorbairt agus a choinneáil ar bun,

— malartú dea-chleachtais, aistriú eolais agus gairmiúlú trí chuairteanna saineolaithe agus cleachtóirí cumarsáide digití a mhaoiniú,

— faisnéis, seimineáir agus tacaíocht d'iriseoirí,

— caiteachas meastóireachta agus gairmiúlaithe.

De thairbhe uirlisí ar líne, ní hamháin gur féidir eolas a thabhairt do na saoránaigh, ach is féidir a gceisteanna nó a dtuairimí faoi shaincheisteanna Eorpacha a bhailiú freisin agus ar an gcaoi sin is uirlisí tábhachtacha iad chun rannpháirtíocht a dhéanamh leis na saoránaigh. Cumhdaíonn an fhaisnéis institiúidí uile an Aontais. Tá na huirlisí le cur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le treoirlínte an Tionscnaimh maidir le hInrochtaineacht Gréasáin.

Is iad seo na príomhchineálacha uirlisí atá i gceist:

— suíomhanna gréasáin, ilmheáin agus táirgí scríofa de chuid Ionadaíochtaí an Choimisiúin sna Ballstáit,

**CAIBIDIL 07 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***07 20 04*** *(Ar lean.)*

07 20 04 03 *(Ar lean.)*

— preaseisiúintí ar líne, bunachair sonraí agus córais faisnéise eile cumarsáide ar líne,

— cainéil chomhlántacha ar líne in Ionadaíochtaí an Choimisiúin, amhail na meáin shóisialta áitiúla, blaganna agus teicneolaíochtaí eile gréasáin 2.0,

— anailísíocht ghaolmhar ar shonraí.

Cumhdaítear leis an leithreasú seo freisin caiteachas a bhaineann le foilseacháin (pháipéir nó dhigiteacha) do spriocghrúpaí éagsúla maidir le gníomhaíochtaí an Aontais, foilseacháin a dháiltear go minic trí líonra díláraithe, go príomha:

— foilseacháin Ionadaíochtaí an Choimisiúin,

— bunfhaisnéis shonrach faoin Aontas don phobal i gcoitinne (i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais) a scaipeadh (trí líonra díláraithe freisin), sin a chomhordú ón gceanncheathrú, agus na foilseacháin a chur chun cinn.

Cumhdaítear freisin leis an leithreasú seo comhar ar fhor-rochtain áitiúil idir Ionadaíocht an Choimisiúin agus Oifigí Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa sna Ballstáit. Déanann an Coimisiún bainistíocht ar chaiteachas gníomhaíochtaí comhpháirteacha agus go háirithe, ar chostas tionscadal maidir le teachtaireacht chomhpháirteach ar mhaithe le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún araon. Ní mór comhar an dá institiúid ar fhor-rochtain áitiúil a bheith bunaithe ar phrionsabail arna n-aontú go comhpháirteach idir an dá institiúid agus ar chláir oibre chomhpháirteacha arna bhformheas ag Cinn Ionadaíochtaí an Choimisiúin agus ag Cinn Oifigí Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa araon. Ba cheart d’ionadaithe an dá institiúid tuarascáil mheasúnúcháin bhliantúil ar chur chun feidhme na gclár oibre comhpháirteach a thiomsú.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go dtacófar le hábhar teachtaireachta a dhearadh, a fhorbairt agus a nuashonrú le haghaidh tionscadail Europa Experience sna Ballstáit.

07 20 04 04 Seirbhísí cumarsáide do shaoránaigh

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 33 068 000 | 32 844 000 | 32 783 000 | 32 310 000 | 36 451 000,— | 30 339 688,09 |

*Barúlacha*

Tá táirgí agus seirbhísí an Choimisiúin saindírithe ar na saoránaigh, soláthraíonn siad faisnéis do na saoránaigh agus déanann siad teagmháil leo, rud a áirithíonn go mbíonn seirbhísí cumarsáide ar fáil do na saoránaigh ar fud an Aontais trí theachtaireachtaí simplí soiléire atá furasta a thuiscint agus curtha in oiriúint dá riachtanais, trí mheascán de chainéil agus de mheáin (idir thraidisiúnta agus nua) nó trí chumarsáid dhíreach a dhéanamh le saoránaigh agus malartú smaointe agus rannpháirtíocht a spreagadh duine le duine. Le chéile, cuidíonn na modhanna cumarsáide sin leis na saoránaigh teacht ar fhaisnéis faoi bheartais agus luachanna an Aontais atá cothrom le dáta agus furasta le húsáid. Cuireann sé le feasacht ardaithe agus le tuiscint na saoránach ar ghnóthaí Eorpacha agus spreagann sé dá réir sin spéis na saoránach dul i rannpháirtíocht le fostaithe an Choimisiúin go díreach, cibé acu ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta nó Eorpach.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA*

**CAIBIDIL 07 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***07 20 04*** *(Ar lean.)*

07 20 04 04 *(Ar lean.)*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas le haghaidh gníomhaíochtaí cumarsáide corparáidí, lena n-áirítear costais as ábhar a tháirgeadh, seirbhísí corparáideacha teicniúla a sholáthar, faisnéis a scaipeadh trí ghníomhaíochtaí cumarsáide comhtháite, imeachtaí, staidéir/meastóireachtaí agus gníomhaíochtaí gairmiúlaithe a eagrú agus rannpháirtíocht iontu, i gcás inarb ábhartha.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcisteofar faisnéis ghinearálta do na saoránaigh agus cumhdaítear leis:

— maoiniú líonra Europe Direct ar fud an Aontais (Ionaid Europe Direct, lárionaid doiciméadachta Eorpacha, cainteoirí Fhoireann na hEorpa); déanann an líonra sin forlíonadh ar obair Ionadaíochtaí an Choimisiúin agus oifigí idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa sna Ballstáit,

— tacaíocht, oiliúint, comhordú agus cúnamh do líonra Europe Direct,

— maoiniú ar ábhar faisnéise agus ar tháirgí cumarsáide a tháirgeann, a stórálann agus a dháileann na foinsí sin agus a tháirgtear, a stóráiltear agus a dháiltear ar a son freisin,

— oibriú Ionad Teagmhála Europe Direct (lárionad seirbhíse ilteangaí),

— idirphlé agus painéil na saoránach agus imeachtaí comhchosúla duine le duine nó ardáin ghaolmhara ar líne a mhaoiniú chun glúin nua rannpháirtíochta leis na saoránaigh a chur chun cinn, mar chleachtadh ar an daonlathas rannpháirteach agus mar bhealach chun feabhas a chur ar cheapadh beartas,

— gníomhaíochtaí cumarsáide *ad hoc* ar scála réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta a réitíonn leis na tosaíochtaí cumarsáide,

— imeachtaí doirse oscailte do shaoránaigh,

— seimineáir agus comhdhálacha mar aon le ceardlanna le spriocghrúpaí sonracha, amhail daoine óga, agus modhanna rannpháirtíochta a chur i bhfeidhm,

— imeachtaí agus taispeántais Eorpacha agus gníomhaíochtaí Eorpacha a bhaineann le caidreamh poiblí a eagrú nó rannpháirtíocht iontu, cuairteanna aonair a eagrú, etc.,

— gníomhaíochtaí cumarsáide dírí atá spriocdhírithe ar an bpobal i gcoitinne (e.g. seirbhísí comhairle do shaoránaigh),

— bearta cumarsáide dírí atá spriocdhírithe ar iolraitheoirí tuairime, go háirithe bearta a bhfuil dlús curtha leo agus a bhaineann leis an bpreas réigiúnach laethúil, ar foinse mhór faisnéise do líon mór saoránach Aontais í,

— caiteachas ar eisiúint foilseachán, i meán ar bith, ar ábhair thráthúla thábhachtacha a bhaineann le gníomhaíochtaí an Choimisiúin agus le hobair an Aontais, mar aon le foilseacháin dá bhforáiltear sna Conarthaí agus foilseacháin institiúideacha nó tagartha eile, amhail an Tuarascáil Ghinearálta maidir le gníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh, foilsithe i gcomhréir le hAirteagal 249(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; féadfaidh na foilseacháin a bheith spriocdhírithe ar ghrúpaí sonracha, amhail múinteoirí, daoine óga, ceannairí tuairimíochta nó an pobal i gcoitinne,

— an caiteachas a bhaineann le foilseacháin i scríbhinn do spriocghrúpaí éagsúla maidir le gníomhaíochtaí an Aontais a dháiltear go minic trí líonra díláraithe,

**CAIBIDIL 07 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***07 20 04*** *(Ar lean.)*

07 20 04 04 *(Ar lean.)*

— bunfhaisnéis shonrach faoin Aontas don phobal i gcoitinne (i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais) a scaipeadh (trí líonra díláraithe freisin), sin a chomhordú ón gceanncheathrú, agus na foilseacháin a chur chun cinn,

— an caiteachas TF chun córais ábhartha faisnéise agus bhainistíochta a fhorbairt agus a choinneáil ar bun,

— caiteachas meastóireachta agus gairmiúlaithe.

Is féidir gníomhaíochtaí cumarsáide a eagrú i gcomhpháirtíocht le Parlaimint na hEorpa, le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, le Coiste na Réigiún nó leis na Ballstáit chun sineirgí a chruthú idir na comhpháirtithe sin agus chun a ngníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide faoin Aontas a chomhordú.

D’fhéadfaí go gcisteofar leis an leithreasú seo freisin gníomhaíochtaí ardaithe feasachta agus faisnéise maidir le Tionscnaimh ó na Saoránaigh i gcomhar le hIonadaíochtaí an Choimisiúin agus le Lárionaid Europe Direct sna Ballstáit.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas as cuairteanna ar an gCoimisiún a eagrú, lena n-áirítear caiteachas riaracháin a bhaineann leis na cuairteanna. Déanann an Coimisiún bainistíocht ar na socruithe lóistíochta gaolmhara, lena n-áirítear costais oibríochtúla agus eagrú seirbhísí conarthacha. Cumhdaítear leis an leithreasú seo suiteálacha lárionad faisnéise nua a bhunú agus a chruthú nó a thabhairt cothrom le dáta.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go dtacófar le hábhar teachtaireachta a dhearadh, a fhorbairt agus a nuashonrú le haghaidh tionscadail Europa Experience sna Ballstáit.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 325 000 | 6 6 2 |

07 20 04 05 Áras Stair na hEorpa

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 3 000 000 | 3 000 000 | 3 000 000 | 3 000 000 | 3 000 000,— | 3 000 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ranníocaíocht airgeadais an Choimisiúin d’Áras Stair na hEorpa le haghaidh na gcostas oibriúcháin a tabhaíodh ag Parlaimint na hEorpa i leith taispeántas, imeachtaí agus ceardlann arna n-eagrú aici a mhéadóidh ar eolas, a mhúsclóidh fiosracht agus a chruthóidh deiseanna chun machnamh a dhéanamh ar stair na hEorpa trí bhíthin lárionad nua-aimseartha taispeántais agus doiciméadachta.

**CAIBIDIL 07 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***07 20 04*** *(Ar lean.)*

07 20 04 06 Inniúlachtaí sonracha i réimse an bheartais shóisialta, lena n-áirítear idirphlé sóisialta

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 23 221 446 | 20 000 000 | 23 219 084 | 18 650 000 | 24 019 796,37 | 18 943 277,09 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas chun idirphlé sóisialta Eorpach a chur chun cinn i dtrí phríomhréimse, mar aon le costas cruinnithe réamhchomhairliúcháin le hionadaithe ceardchumann.

Maidir leis an idirphlé sóisialta Eorpach a chur chun cinn, tá gá le comhpháirtithe sóisialta láidre ionadaíocha chun feabhas a chur ar an bpróiseas chun feidhmiú an idirphlé shóisialta a fheabhsú agus chun feabhas a chur ar iomaíochas, ar athléimneacht agus ar chothroime sa gheilleagar margaidh sóisialta. Ba cheart do bhearta cuidiú le heagraíochtaí fostaithe agus fostóirí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uileghabhálacha atá roimh bheartas fostaíochta agus sóisialta na hEorpa, mar a leagtar síos sa Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, agus, faoi chuimsiú tionscnaimh de chuid Aontais chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí ghéarchéim COVID-19, tacú leis an téarnamh agus leis an aistriú digiteach agus an aistriú glas.

Maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le cruinnithe réamhchomhairliúcháin idir ionadaithe ceardchumann Eorpach, tá sé beartaithe leis an leithreasú go gcumhdófar na costais d'fhonn cuidiú le hionadaithe ceardchumann Eorpach teacht ar a dtuairimí féin agus a seasaimh ar fhorbairt bheartais an Aontais a chomhchuibhiú. Tá sé beartaithe go gcumhdófar leis na costais, go háirithe, staidéir, ceardlanna, comhdhálacha, anailísí, meastóireachtaí, foilseacháin, cúnamh teicniúil, bunachair sonraí agus bogearraí a cheannach agus a choinneáil ar bun agus páirtmhaoiniú agus tacaíocht do bhearta a bhaineann le faireachán eacnamaíoch, le hanailís ar theaglaim beart agus le comhordú ar bheartais eacnamaíocha.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le hidirphlé sóisialta Eorpach a chur chun cinn agus le bearta gaolmhara, go háirithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

— staidéir, comhairliúcháin, cruinnithe saineolaithe, caibidlíochtaí, foilseacháin agus gníomhaíochtaí eile atá nasctha go díreach le cuspóirí an cheannteidil buiséid a bhaint amach agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*,

— gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag comhpháirtithe sóisialta chun idirphlé sóisialta a chur chun cinn (lena n-áirítear fothú acmhainneachta chomhpháirtithe sóisialta sna Ballstáit agus sna tíortha is iarrthóirí) ar an leibhéal trastionscail, ar leibhéal na hearnála agus ar leibhéal na cuideachta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun rannpháirtíocht chomhionann idir mná agus fir i gcomhlachtaí cinnteoireachta de chuid ceardchumann agus eagraíochtaí fostóirí araon a chur chun cinn,

— gníomhaíochtaí chun eolas agus saineolas ar chaidreamh tionscail ar fud an Aontais a fheabhsú agus chun faisnéis ábhartha a mhalartú agus a scaipeadh,

— gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar mhéid agus ar cháilíocht na rannpháirtíochta ag ionadaithe fostaithe agus fostóirí i gceapadh beartas an Aontais agus i reachtóireacht an Aontais,

**CAIBIDIL 07 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE**
*(Ar lean.)*

***07 20 04*** *(Ar lean.)*

07 20 04 06 *(Ar lean.)*

— gníomhaíochtaí maidir le cruinnithe réamhchomhairliúcháin idir ionadaithe ceardchumann Eorpach d'fhonn cuidiú le teacht ar a dtuairimí féin agus a seasaimh ar fhorbairt bheartais an Aontais a chomhchuibhiú, go háirithe tar éis ghéarchéim COVID-19.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le faisnéis, comhairliúchán agus rannpháirtíocht ionadaithe fiontar a chur chun cinn, go háirithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

— bearta atá dírithe ar rannpháirtíocht fostaithe i bhfiontair a fhorbairt, rud a chiallaíonn aon sásra, lena n-áirítear faisnéis, comhairliúchán agus rannpháirtíocht, trína bhféadfaidh ionadaithe fostaithe tionchar a imirt ar chinntí atá le glacadh san fhiontar, go háirithe trí fheasacht a ardú agus trí rannchuidiú le cur i bhfeidhm dhlí agus bheartais an Aontais sa réimse sin agus trí dhul i mbun Comhairlí Oibreacha Eorpacha agus na comhairlí sin a fhorbairt,

— tionscnaimh chun comhar trasnáisiúnta idir ionadaithe fostaithe agus fostóirí a neartú i leith faisnéise, comhairliúcháin agus rannpháirtíocht fostaithe i bhfiontair a oibríonn i níos mó ná Ballstát amháin agus gníomhaíochtaí gearra oiliúna le haghaidh idirbheartaithe agus ionadaithe i gcomhlachtaí trasnáisiúnta faisnéise, comhairliúcháin agus rannpháirtíochta lena bhféadfaí comhpháirtithe sóisialta ó thíortha is iarrthóirí a áireamh freisin,

— bearta chun é a chur ar a chumas do chomhpháirtithe sóisialta a gcearta agus a ndualgais a fheidhmiú a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht fostaithe, go háirithe faoi chuimsiú Chomhairlí Oibreacha Eorpacha, chun iad a chur ar an eolas faoi chomhaontuithe fiontar trasnáisiúnta agus a gcomhar a neartú i ndáil le dlí an Aontais maidir le rannpháirtíocht fostaithe,

— tionscadail agus gníomhaíochtaí nuálacha a thacóidh le rannpháirtíocht fostaithe, d'fhonn dúshláin de thoradh phaindéim COVID-19 agus na hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha nó athruithe ar shaol na hoibre atá ann dá droim a shainaithint, a réamh-mheas agus d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, e.g. athstruchtúrú agus iomarcaíochtaí, seachfhoinsiú agus fochonraitheoireacht, digitiú, uathoibriú agus intleacht shaorga, agus bealaí nua oibre, nó an gá le haistriú chuig geilleagar cuimsitheach, inbhuanaithe agus ísealcharbóin.

*Bunús dlí*

Cúraimí a eascraíonn as cumhachtaí sonracha a thugtar don Choimisiún go díreach leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 154, 155, 159 agus 161 de.

07 20 04 07 Gníomhaíochtaí eile i réimse na gceart bunúsach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 921 815 | 900 000 | 913 850 | 900 000 | 906 050,— | 351 472,93 |

**CAIBIDIL 07 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***07 20 04*** *(Ar lean.)*

07 20 04 07 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar: gníomhaíochtaí chun feasacht ar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus ar a húsáid a chur chun cinn, lena n-áirítear gníomhaíochtaí múscailte feasachta, comhdhálacha agus cruinnithe saineolaithe nó comhairliúcháin, faisnéis ilteangach agus tuarascálacha ilteangacha, modúil ríomhfhoghlama agus uirlisí TF; gníomhaíochtaí (go háirithe cruinnithe) maidir le hidirphlé le heagraíochtaí reiligiúnacha, le heaglaisí agus le heagraíochtaí fealsúnacha agus neamhfhaoistiniúla, dá bhforáiltear faoi Airteagal 17 CFAE; gníomhaíochtaí i réimse chosaint na saoirse chun tuairimí a nochtadh agus réimse na fuathchainte neamhdhleathaí ar líne a chomhrac; gníomhaíochtaí i réimse na cosanta do sceithirí eolais, lena n-áirítear cruinnithe saineolaithe agus gníomhaíochtaí leantacha a bhaineann le Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17); agus gníomhaíochtaí i réimse na cosanta consalaí, lena n-áirítear chun an t-athbhreithniú a ullmhú ar Threoir (AE) 2015/637 ón gComhairle an 20 Aibreán 2015 maidir leis na bearta um chomhordú agus um chomhar chun cosaint chonsalach a éascú le haghaidh shaoránaigh an Aontais nach ndéantar ionadaíocht orthu i dtríú tíortha agus lena n-aisghairtear Cinneadh 95/553/CE (IO L 106, 24.4.2015, lch. 1), chun tacaíocht a thabhairt don athbhreithniú sin agus chun é a chur chun cinn agus chun meastóireacht a dhéanamh ar an suíomh gréasáin le haghaidh feabhsú feasachta ar chearta saoránachta an Aontais.

07 20 04 08 Anailís agus staidéir ar an staid shóisialta, ar dhéimeagrafaíocht agus ar an teaghlach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 1 994 237 | 2 500 000 | 2 500 000 | 2 500 000 | 3 138 710,— | 1 685 816,24 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do staidéir anailíseacha i réimse na fostaíochta agus na ngnóthaí sóisialta, agus le hanailísí agus staidéir ar an staid shóisialta, ar dhéimeagrafaíocht agus ar an athrú déimeagrafach agus ar an teaghlach.

Is é is aidhm do ghníomhaíochtaí maidir le hanailísí agus staidéir ar an staid shóisialta, ar dhéimeagrafaíocht agus ar an athrú déimeagrafach agus ar an teaghlach freagairtí beartais níos fearr a chur chun cinn san Aontas agus sna Ballstáit ar dhúshláin dhéimeagrafacha, fostaíochta agus sóisialta, lena n-áirítear dúshláin an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais agus an gá lena áirithiú go mbeidh na haistrithe sin cóir agus go gcuirfear fás cuimsitheach chun cinn. Tá sé beartaithe leis an leithreasú go gcumhdófar costais as anailísí ardcháilíochta agus faisnéis chomparáideach a tháirgeadh agus a scaipeadh faoi chuimsiú threoirlínte polaitiúla an Choimisiúin agus chuspóirí straitéiseacha an Aontais. Leis sin, tacófar le sainaithint tosaíochtaí amach anseo maidir le fostaíocht agus beartais shóisialta, lena n-áirítear bearta inscne-shonracha agus forbairt inniúlachtaí maidir le hanailís, sonraí agus taighde ionas gur féidir measúnú, meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar thionchair shocheacnamaíocha na n-aistrithe chuig Eoraip dhigiteach aeráidneodrach, go háirithe trí na gníomhaíochtaí seo a leanas:

— gníomhaíochtaí a chuireann forbairt anailíse comparáidí agus malartú tuairimí agus taithí chun cinn ar gach leibhéal ábhartha (ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta) maidir le staid na fostaíochta agus an staid shóisialta agus dhéimeagrafach agus maidir leis na treochtaí socheacnamaíocha san Aontas, agus maidir leis an mbearna phá idir na hinscní agus an idirdhealú i gcoinne na mban san ionad oibre,

**CAIBIDIL 07 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***07 20 04*** *(Ar lean.)*

07 20 04 08 *(Ar lean.)*

— gníomhaíochtaí lena gcuirtear an tsainaithint réamhbhreathnaitheach ar bhearnaí fianaise agus ar riachtanais taighde agus nuálaíochta socheacnamaíche chun cinn,

— gníomhaíochtaí lena dtacaítear le faireachlann ar an staid shóisialta, le comhar i dtaca le gníomhaíochtaí ábhartha arna ndéanamh ag na Ballstáit agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus leis an mbainistíocht ar ghrúpa tacaíochta teicniúla don Chomhghuaillíocht Eorpach le haghaidh Teaghlach,

— staidéir, cruinnithe saineolaithe, scaipeadh eolais, faisnéise agus foilseachán atá nasctha go díreach le cuspóirí na straitéise nó na mbeart a thagann faoin mír seo a bhaint amach, agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar go háirithe caiteachas ar an tuairisciú dá dtagraítear in CFAE, lena n-áirítear tuarascálacha bliantúla de chuid an Choimisiúin ar fhorbairtí fostaíochta agus sóisialta san Eoraip, tuarascálacha débhliantúla ar an athrú déimeagrafach agus ar na himpleachtaí atá aige sin, (ionchuir le) tuairisciú ar thionchair shocheacnamaíocha an aistrithe chuig an aeráidneodracht agus chuig Eoraip dhigiteach, agus tuarascálacha de chuid an Choimisiúin ar fhadhbanna a bhaineann leis an staid shóisialta.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go gcumhdófar caiteachas ar anailís le haghaidh an tuairiscithe dá dtagraítear in CFAE, agus le haghaidh scaipeadh eolais faoi mhórdhúshláin fostaíochta, sóisialta agus déimeagrafacha agus, go háirithe, faoi dhúshláin an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus na bealaí ar féidir dul i ngleic leo.

*Bunús dlí*

Cúraimí a eascraíonn as cumhachtaí sonracha a thugtar don Choimisiún go díreach leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 154, 155, 159 agus 161 de.

07 20 04 09 Bearta faisnéise agus oiliúna d'eagraíochtaí oibrithe

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 23 728 699 | 21 500 000 | 22 532 322 | 21 100 000 | 22 305 945,95 | 19 586 091,40 |

**CAIBIDIL 07 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***07 20 04*** *(Ar lean.)*

07 20 04 09 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar bhearta faisnéise agus oiliúna d'eagraíochtaí oibrithe, lena n-áirítear ionadaithe eagraíochtaí oibrithe sna tíortha is iarrthóirí, a eascraíonn as gníomhaíocht an Aontais i gcreat chur chun feidhme ghné shóisialta an Aontais. Ba cheart do na bearta sin cuidiú le heagraíochtaí oibrithe aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uileghabhálacha atá roimh bheartas fostaíochta agus sóisialta na hEorpa, mar a leagtar síos sa Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus faoi chuimsiú tionscnaimh de chuid an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí ghéarchéim COVID-19 agus chun tacú leis an téarnamh agus leis an aistriú digiteach agus an aistriú glas. Tabharfar aird ar leith ar oiliúint maidir le dúshláin inscne ag an obair.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na gníomhaíochtaí seo a leanas go háirithe:

— tacaíocht do chláir oibre an dá institiúid ceardchumann shonracha, eadhon Institiúid Eorpach na gCeardchumann agus an Lárionad Eorpach do Cheisteanna na nOibrithe, a bunaíodh chun fothú acmhainneachta a éascú trí oiliúint agus trí thaighde ar an leibhéal Eorpach, agus chun feabhas a chur ar a mhéid a bhíonn ionadaithe oibrithe rannpháirteach i rialachas Eorpach,

— bearta faisnéise agus oiliúna d'eagraíochtaí oibrithe, lena n-áirítear ionadaithe eagraíochtaí oibrithe sna tíortha is iarrthóirí, a thagann ó chur chun feidhme ghníomhaíocht Aontais faoi chuimsiú chur chun feidhme ghné shóisialta an Aontais,

— bearta a bhaineann le hionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta sna tíortha is iarrthóirí, go sonrach chun idirphlé sóisialta a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go ndéanfar rannpháirtíocht chomhionann idir mná agus fir sna comhlachtaí cinnteoireachta in eagraíochtaí oibrithe a chur chun cinn.

Tá gá le comhpháirtithe sóisialta láidre inniúla chun feabhas a chur ar an bpróiseas le haghaidh feidhmiú an idirphlé shóisialta a athsheoladh agus a fheabhsú chun tacú le téarnamh agus chun feabhas a chur ar iomaíochas agus ar chothroime sa gheilleagar margaidh sóisialta.

*Bunús dlí*

Cúram a eascraíonn as cumhachtaí sonracha a thugtar don Choimisiún go díreach leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 154 de.

Coinbhinsiún arna thabhairt i gcrích in 1959 idir Ard-Údarás CEGC agus an Lárionad Idirnáisiúnta Faisnéise um Shláinte agus Sábháilteacht ag an Obair (CIS) de chuid na hOifige Idirnáisiúnta Saothair.

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1), agus na treoracha aonair a bhaineann leo.

Treoir 92/29/CEE ón gComhairle an 31 Márta 1992 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte le haghaidh cóir leighis níos fearr ar bord long (IO L 113, 30.4.1992, lch. 19).

*TEIDEAL 08*

**BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ**

# TEIDEAL 08

# BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ

## Achoimre ghinearálta ar leithreasuithe (2024 agus 2023) agus ar an olltoradh (2022)

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 08 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ' | 14 622 925 | 14 622 925 | 14 115 296 | 14 115 296 | 13 726 038,94 | 13 726 038,94 |
| 08 02 | AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT) | 40 512 422 106 | 40 500 626 319 | 40 687 640 851 | 40 693 611 207 | 39 872 393 336,55 | 39 842 425 597,11 |
| 08 03 | CISTE EORPACH TALMHAÍOCHTA UM FHORBAIRT TUAITHE (CETFT) | 13 153 923 194 | 11 990 000 000 | 12 932 826 920 | 14 400 340 175 | 12 725 770 906,49 | 13 836 705 802,95 |
| 08 04 | AN CISTE EORPACH MUIRÍ, IASCAIGH AGUS DOBHARSHAOTHRAITHE (CEMID) | 1 061 835 545 | 772 763 471 | 1 095 129 432 | 880 910 362 | 1 123 402 796,85 | 727 740 091,99 |
| 08 05 | COMHAONTUITHE COMHPHÁIRTÍOCHTA MAIDIR LE HIASCAIGH INBHUANAITHE (SFPANNA) AGUS EAGRAÍOCHTAÍ RÉIGIÚNACHA BAINISTITHE IASCAIGH (ERBINNA) | 95 931 754 | 104 378 754 | 113 293 754 | 122 918 754 | 159 335 578,64 | 159 087 206,88 |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | *66 850 000* | *38 250 000* | *3 460 000* | *3 460 000* | | |
| | | 162 781 754 | 142 628 754 | 116 753 754 | 126 378 754 | 159 335 578,64 | 159 087 206,88 |
| 08 10 | GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE | 29 853 878 | 29 853 878 | 29 535 287 | 29 535 287 | 28 738 870,— | 28 738 870,— |
| 08 20 | TREOIRTHIONSCADAIL, BEARTA ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | 8 540 000 | 4 788 595 | 1 500 000 | 4 085 322 | 1 490 500,— | 5 030 549,30 |
| | **Teideal 08 — IOMLÁN** | **54 877 129 402** | **53 417 033 942** | **54 874 041 540** | **56 145 516 403** | **53 924 858 027,47** | **54 613 454 157,17** |
| | ***Cúlchistí (30 02 02)*** | ***66 850 000*** | ***38 250 000*** | ***3 460 000*** | ***3 460 000*** | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | **54 943 979 402** | **53 455 283 942** | **54 877 501 540** | **56 148 976 403** | **53 924 858 027,47** | **54 613 454 157,17** |

# TEIDEAL 08

# BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ

## CAIBIDIL 08 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ'

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 08 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ' | | | | | |
| ***08 01 01*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta*** | | | | | |
| 08 01 01 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta | 3.1 | 667 165 | 626 279 | 385 314,91 | 57,75 |
| 08 01 01 72 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde — Ranníocaíocht ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta | 3.1 | 4 188 729 | 3 943 870 | 3 684 000,— | 87,95 |
| | *Airteagal 08 01 01 — Fo-iomlán* | | 4 855 894 | 4 570 149 | 4 069 314,91 | 83,80 |
| ***08 01 02*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe*** | 3.2 | 1 887 000 | 1 850 000 | 1 850 000,— | 98,04 |
| ***08 01 03*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe*** | | | | | |
| 08 01 03 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe | 3.2 | 3 301 031 | 3 197 137 | 3 735 724,03 | 113,17 |
| 08 01 03 74 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol — Ranníocaíocht ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe | 3.2 | 4 579 000 | 4 498 010 | 4 071 000,— | 88,91 |
| | *Airteagal 08 01 03 — Fo-iomlán* | | 7 880 031 | 7 695 147 | 7 806 724,03 | 99,07 |
| | **Caibidil 08 01 — IOMLÁN** | | **14 622 925** | **14 115 296** | **13 726 038,94** | **93,87** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas de chineál riaracháin (amhail staidéir, cruinnithe saineolaithe, faisnéis agus foilseacháin) atá nasctha go díreach le cuspóirí na gclár nó na mbeart a thagann faoin mbraisle seo a bhaint amach, agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*.

I gcomhréir le hAirteagail 21, 22 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 08 — BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ*

**CAIBIDIL 08 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ'** *(Ar lean.)*

***08 01 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta***

08 01 01 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 667 165 | 626 279 | 385 314,91 |

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc ar leibhéal na caibidle seo, tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go gcumhdófar na gníomhaíochtaí ullmhúcháin agus faireacháin, chomh maith le bearta iniúchta agus cigireachta is gá chun an comhbheartas talmhaíochta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2116.

Áirítear leis freisin an caiteachas ar mhaoiniú an chomhlachta idir-réitigh faoi chuimsiú imréiteach cuntas an chomhbheartais talmhaíochta (táillí, trealamh, taisteal agus cruinnithe).

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 08 02.

08 01 01 72 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde — Ranníocaíocht ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 4 188 729 | 3 943 870 | 3 684 000,— |

**CAIBIDIL 08 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ'** *(Ar lean.)*

***08 01 01*** *(Ar lean.)*

08 01 01 72 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ranníocaíocht le caiteachas ar fhoireann agus ar riarachán na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, arna thabhú mar thoradh ar ról na Gníomhaireachta i mbainistiú na mbeart atá mar chuid den chlár cur chun cinn agus de chríochnú a réamhchlár.

Leagtar plean bunaíochta na Gníomhaireachta amach san Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 1144/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a bhaineann le táirgí talmhaíochta a chuirtear chun feidhme sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle (IO L 317, 4.11.2014, lch. 56).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Féach Caibidil 08 02.

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2021) 952 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde d'fhonn na cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse an Taighde agus na Nuálaíochta, Taighde ar an gCiste um Ghual agus Cruach agus Bearta um Sholáthar Faisnéise agus Bearta Cur Chun Cinn a bhaineann le Táirgí Talmhaíochta lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais.

***08 01 02*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 887 000 | 1 850 000 | 1 850 000,— |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 08 — BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ*

**CAIBIDIL 08 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ'** *(Ar lean.)*

***08 01 02*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc ar leibhéal na caibidle seo, tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go gcumhdófar an cúnamh teicniúil de chineál riaracháin dá bhforáiltear in Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus Airteagal 58 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, agus caiteachas i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/2116 arna chistiú ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT).

Is féidir an cúnamh teicniúil a úsáid, go háirithe, chun caiteachas ar phearsanra seachtrach ag an gceanncheathrú a mhaoiniú (foireann ar conradh, saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó foireann na gníomhaireachta), chomh maith le misin a bhaineann leis an bpearsanra seachtrach. Tá sé beartaithe freisin leis na leithreasuithe faoin airteagal seo i bhfoirm ioncaim shannta sheachtraigh mar thoradh ar fháltais ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) go gcumhdófar maoiniúchán an chaiteachais sin.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 08 03.

***08 01 03*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe***

08 01 03 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 301 031 | 3 197 137 | 3 735 724,03 |

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc ar leibhéal na caibidle seo, tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go gcumhdófar:

— caiteachas arna thabhú ar phearsanra seachtrach ag an gceanncheathrú (foireann ar conradh, saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó foireann na gníomhaireachta), lena n-áirítear caiteachas tacaíochta (speansais le haghaidh ionadaíochta, oiliúint, cruinnithe i ndáil leis an bpearsanra seachtrach arna maoiniú ón leithreasú seo) is gá le haghaidh chur chun feidhme an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) in 2021-2027 agus do chríochnú na mbeart faoina réamhchiste, an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) in 2014-2020, a bhaineann le cúnamh teicniúil,

— caiteachas ar phearsanra seachtrach (foireann ar conradh, foireann áitiúil nó saineolaithe náisiúnta ar iasacht) i dtoscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha, chomh maith le costais bhreise lóistíochtúla agus bonneagair, amhail costas na hoiliúna, na misean agus fáil cóiríochta ar cíos go díreach mar thoradh ar phearsanra seachtrach a bheith sna toscaireachtaí ag fáil luacha saothair ó na leithreasuithe arna n-iontráil sa mhír seo,

***08 01 03*** *(Ar lean.)*

08 01 03 01 *(Ar lean.)*

— caiteachas ar mhisin le toscaireachtaí tríú tíre ag freastal ar chruinnithe chun idirbheartaíocht a dhéanamh ar chomhaontuithe iascaigh agus ar chomhchoistí,

— caiteachas ar TF lena gcuimsítear trealamh agus seirbhísí araon, lena n-áirítear TF chorparáideach,

— caiteachas ar staidéir, ar bhearta meastóireachta agus iniúchtaí, ar chruinnithe saineolaithe agus ar rannpháirtíocht geallsealbhóirí i gcruinnithe *ad hoc*, ar sheimineáir agus comhdhálacha a bhaineann le hábhair mhóra, ar ghníomhaíochtaí cumarsáide agus ar fhoilseacháin i réimse gnóthaí muirí agus iascaigh,

— aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin neamh-oibriúcháin i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) 2021/1060 do 2021-2027,

— rannpháirtíocht saineolaithe eolaíochta i gcruinnithe eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 08 04 agus Caibidil 08 05.

08 01 03 74 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol — Ranníocaíocht ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 4 579 000 | 4 498 010 | 4 071 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an ranníocaíocht le caiteachas ar phearsanra agus riarachán na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol arna thabhú mar thoradh ar ról na Gníomhaireachta sa bhainistíocht ar chodanna den Chiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus ar chríochnú a réamhchlár, na ranníocaíochtaí éigeantacha le heagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile, le treoirthionscadail agus le réamhbhearta.

Leagtar plean bunaíochta na Gníomhaireachta amach san Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

***08 01 03*** *(Ar lean.)*

08 01 03 74 *(Ar lean.)*

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Féach Caibidil 08 04.

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2021) 947 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol d'fhonn na cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse an iompair agus an bhonneagair fuinnimh; taighde agus nuálaíocht um an aeráid, fuinneamh agus soghluaisteacht; an comhshaol, an dúlra agus an bhithéagsúlacht; aistriú chuig teicneolaíochtaí ísealcharbóin; agus muirí agus iascaigh; lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais agus na leithreasuithe sin a eascraíonn as ioncam sannta seachtrach.

## CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 08 02 | AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT) | | | | | | | | |
| ***08 02 01*** | ***Cúlchiste talmhaíochta*** | 3.1 | 516 500 000 | 516 500 000 | 450 000 000 | 450 000 000 | 0,— | 0,— | |
| ***08 02 02*** | ***Cineálacha idirghabhálacha in earnálacha áirithe faoi na Pleananna Straitéiseacha CBT*** | | | | | | | | |
| 08 02 02 01 | Earnáil na dtorthaí agus na nglasraí | 3.1 | 335 000 000 | 335 000 000 | 470 000 000 | 470 000 000 | 0,— | 0,— | |
| 08 02 02 02 | Earnáil na dtáirgí beachadóireachta | 3.1 | 60 000 000 | 60 000 000 | 53 000 000 | 53 000 000 | 0,— | 0,— | |
| 08 02 02 03 | Earnáil an fhíona | 3.1 | 835 000 000 | 835 000 000 | 399 000 000 | 399 000 000 | 0,— | 0,— | |
| 08 02 02 04 | Earnáil na leannlusanna | 3.1 | 2 200 000 | 2 200 000 | 2 200 000 | 2 200 000 | 0,— | 0,— | |
| 08 02 02 05 | Earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird | 3.1 | 45 000 000 | 45 000 000 | 36 000 000 | 36 000 000 | 0,— | 0,— | |
| 08 02 02 06 | Earnálacha eile | 3.1 | 17 000 000 | 17 000 000 | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| | *Airteagal 08 02 02 — Fo-iomlán* | | 1 294 200 000 | 1 294 200 000 | 960 200 000 | 960 200 000 | 0,— | 0,— | |
| ***08 02 03*** | ***Caiteachas a bhaineann leis an margadh lasmuigh de Phleananna Straitéiseach CBT*** | | | | | | | | |
| 08 02 03 01 | Clár de roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus le hoileánacht agus Oileáin Aeigéacha bheaga (cé is moite d'íocaíochtaí díreacha) | 3.1 | 226 000 000 | 226 000 000 | 229 000 000 | 229 000 000 | 221 292 689,49 | 221 292 689,49 | 97,92 |
| 08 02 03 02 | Táirgí talmhaíochta a chur chun cinn — Cláir shimplí faoi bhainistíocht chomhpháirteach | 3.1 | 80 720 000 | 80 720 000 | 83 000 000 | 83 000 000 | 57 584 017,09 | 57 584 017,09 | 71,34 |
| 08 02 03 03 | Táirgí talmhaíochta a chur chun cinn — Ilchláir agus gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach | 3.1 | 96 900 000 | 96 377 817 | 96 900 000 | 103 791 101 | 95 427 855,16 | 72 042 505,08 | 74,75 |
| 08 02 03 04 | Scéimeanna scoile | 3.1 | 180 000 000 | 180 000 000 | 175 000 000 | 175 000 000 | 170 126 571,08 | 170 126 571,08 | 94,51 |
| 08 02 03 05 | Ola olóige | 3.1 | p.m. | p.m. | 9 000 000 | 9 000 000 | 47 721 899,44 | 47 721 899,44 | |
| 08 02 03 06 | Torthaí agus glasraí | 3.1 | 715 000 000 | 715 000 000 | 508 000 000 | 508 000 000 | 877 864 479,15 | 877 864 479,15 | 122,78 |

**CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **08 02 03** | *(Ar lean.)* | | | | | | | | |
| 08 02 03 07 | Fíon | 3.1 | 183 000 000 | 183 000 000 | 627 000 000 | 627 000 000 | 950 586 027,73 | 950 586 027,73 | 519,45 |
| 08 02 03 08 | Beachadóireacht | 3.1 | p.m. | p.m. | 5 000 000 | 5 000 000 | 51 212 547,92 | 51 212 547,92 | |
| 08 02 03 09 | Leannlusanna | 3.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 2 188 000,— | 2 188 000,— | |
| 08 02 03 10 | Bearta stórála poiblí agus príobháideacha | 3.1 | p.m. | p.m. | 12 000 000 | 12 000 000 | 10 230 030,57 | 10 230 030,57 | |
| 08 02 03 11 | Bearta eisceachtúla | 3.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 350 000 000,— | 350 000 000,— | |
| | *Airteagal 08 02 03 — Fo-iomlán* | | 1 481 620 000 | 1 481 097 817 | 1 744 900 000 | 1 751 791 101 | 2 834 234 117,63 | 2 810 848 767,55 | 189,78 |
| **08 02 04** | ***Cineálacha idirghabhálacha íocaíochtaí díreacha faoi Phleananna Straitéiseacha CBT*** | | | | | | | | |
| 08 02 04 01 | Tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta | 3.1 | 18 282 200 000 | 18 282 200 000 | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 08 02 04 02 | Tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuanaitheachta | 3.1 | 3 917 000 000 | 3 917 000 000 | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 08 02 04 03 | Tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga | 3.1 | 670 000 000 | 670 000 000 | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 08 02 04 04 | Scéimeanna maidir leis an aeráid agus maidir leis an gcomhshaol | 3.1 | 8 698 000 000 | 8 698 000 000 | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 08 02 04 05 | Tacaíocht ioncaim chúpláilte | 3.1 | 4 485 000 000 | 4 485 000 000 | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 08 02 04 06 | Íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis | 3.1 | 244 000 000 | 244 000 000 | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| | *Airteagal 08 02 04 — Fo-iomlán* | | 36 296 200 000 | 36 296 200 000 | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| **08 02 05** | ***Íocaíochtaí díreacha lasmuigh de Phleananna Straitéiseacha CBT*** | | | | | | | | |
| 08 02 05 01 | Clár de roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus le hoileánacht agus Oileáin bheaga Aeigéacha (íocaíochtaí díreacha) | 3.1 | 444 000 000 | 444 000 000 | 444 000 000 | 444 000 000 | 436 236 250,26 | 436 236 250,26 | 98,25 |
| 08 02 05 02 | An Scéim Íocaíochta Aonair Limistéir (SIAL) | 3.1 | p.m. | p.m. | 4 495 000 000 | 4 495 000 000 | 4 375 919 452,61 | 4 375 919 452,61 | |

**CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **08 02 05** | *(Ar lean.)* | | | | | | | | |
| 08 02 05 03 | Íocaíocht athdháilte | 3.1 | p.m. | p.m. | 1 661 000 000 | 1 661 000 000 | 1 608 943 591,89 | 1 608 943 591,89 | |
| 08 02 05 04 | Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí (BPS) | 3.1 | p.m. | p.m. | 14 192 000 000 | 14 192 000 000 | 14 262 326 000,— | 14 262 326 000,— | |
| 08 02 05 05 | Íocaíocht do chleachtais talmhaíochta a dhéanann leas na haeráide agus an chomhshaoil | 3.1 | p.m. | p.m. | 10 931 000 000 | 10 931 000 000 | 10 754 528 998,21 | 10 754 528 998,21 | |
| 08 02 05 06 | Íocaíocht d'fheirmeoirí i limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu | 3.1 | p.m. | p.m. | 5 000 000 | 5 000 000 | 4 814 161,35 | 4 814 161,35 | |
| 08 02 05 07 | Íocaíocht d'fheirmeoirí óga | 3.1 | p.m. | p.m. | 477 000 000 | 477 000 000 | 467 686 238,66 | 467 686 238,66 | |
| 08 02 05 08 | Íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis | 3.1 | p.m. | p.m. | 246 000 000 | 246 000 000 | 235 358 839,53 | 235 358 839,53 | |
| 08 02 05 09 | Scéim tacaíochta cúpláilte deonaí | 3.1 | p.m. | p.m. | 4 080 000 000 | 4 080 000 000 | 4 013 297 011,41 | 4 013 297 011,41 | |
| 08 02 05 10 | Scéim na bhfeirmeoirí beaga | 3.1 | p.m. | p.m. | 595 000 000 | 595 000 000 | 646 888 422,75 | 646 888 422,75 | |
| 08 02 05 11 | Cúlchiste le haghaidh géarchéimeanna in earnáil na talmhaíochta | 3.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 08 02 05 12 | Aisíoc íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí ó leithreasuithe a tugadh anonn i ndáil le smacht airgeadais | 3.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| | *Airteagal 08 02 05 — Fo-iomlán* | | 444 000 000 | 444 000 000 | 37 126 000 000 | 37 126 000 000 | 36 805 998 966,67 | 36 805 998 966,67 | 8 289,64 |
| ***08 02 06*** | ***Straitéis bheartais, comhordúchán agus iniúchadh*** | | | | | | | | |
| 08 02 06 01 | Ceartuithe airgeadais i bhfabhar na mBallstát tar éis cinntí imréiteach cuntas agus imréiteach comhréireachta | 3.1 | 250 900 000 | 250 900 000 | 331 385 130 | 331 385 130 | 155 650 053,62 | 155 650 053,62 | 62,04 |
| 08 02 06 02 | Díospóidí a réiteach | 3.1 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 3 302 915,89 | 3 302 915,89 | |

**CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **08 02 06** | *(Ar lean.)* | | | | | | | | |
| 08 02 06 03 | An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) — Cúnamh teicniúil oibríochtúil | 3.1 | 128 502 106 | 117 228 502 | 74 155 721 | 73 234 976 | 79 836 851,68 | 73 254 462,32 | 62,49 |
| | *Airteagal 08 02 06 — Fo-iomlán* | | 379 402 106 | 368 128 502 | 405 540 851 | 404 620 106 | 238 789 821,19 | 232 207 431,83 | 63,08 |
| **08 02 99** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a thabhairt i gcrích*** | | | | | | | | |
| 08 02 99 01 | Cur i gcrích bearta roimhe seo faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) — Bainistíocht chomhroinnte | 3.1 | 100 500 000 | 100 500 000 | 1 000 000 | 1 000 000 | – 6 629 568,94 | – 6 629 568,94 | – 6,60 |
| | *Airteagal 08 02 99 — Fo-iomlán* | | 100 500 000 | 100 500 000 | 1 000 000 | 1 000 000 | – 6 629 568,94 | – 6 629 568,94 | – 6,60 |
| | **Caibidil 08 02 — IOMLÁN** | | **40 512 422 106** | **40 500 626 319** | **40 687 640 851** | **40 693 611 207** | **39 872 393 336,55** | **39 842 425 597,11** | **98,37** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas i ndáil leis an margadh, íocaíochtaí díreacha agus gníomhartha áirithe faoi bhainistíocht dhíreach ag an gCoimisiún, arna maoiniú go léir ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT).

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, as ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Comhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar na leithreasuithe comhfhreagracha agus a gcur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608).

**CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)** *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

Rialachán (AE) Uimh. 1310/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus a ndáileadh i dtaca leis an mbliain 2014 agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann lena gcur i bhfeidhm sa bhliain 2014 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 865).

Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013 ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 lena gcinntear bearta maidir le cabhair agus aisíocaíochtaí áirithe a shocrú a bhaineann le comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta (IO L 346, 20.12.2013, lch. 12).

Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus cur i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le leithdháileadh tacaíochta den sórt sin i leith na mblianta 2021 agus 2022 (IO L 437, 28.12.2020, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187).

### *08 02 01 Cúlchiste talmhaíochta*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 516 500 000 | 450 000 000 | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar bunú cúlchiste talmhaíochta agus go maoineofar caiteachas le haghaidh idirghabháil phoiblí, bearta stórála príobháideacha agus bearta eisceachtúla, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/2116.

**CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)** *(Ar lean.)*

### 08 02 02 *Cineálacha idirghabhálacha in earnálacha áirithe faoi na Pleananna Straitéiseacha CBT*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas le haghaidh cineálacha earnála d'idirghabhálacha le haghaidh na n-earnálacha torthaí agus glasraí, beachadóireachta, fíona, leannlusanna, ola olóige agus ológa boird agus earnálacha eile dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil III, de Rialachán (AE) 2021/2115, ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh.

08 02 02 01 Earnáil na dtorthaí agus na nglasraí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 335 000 000 | 470 000 000 | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh le haghaidh idirghabhálacha in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí i gcomhréir le hAirteagail 49 go 53 de Rialachán (AE) 2021/2115.

08 02 02 02 Earnáil na dtáirgí beachadóireachta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 60 000 000 | 53 000 000 | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh le haghaidh idirghabhálacha in earnáil na beachadóireachta i gcomhréir le hAirteagail 54, 55 agus 56 de Rialachán (AE) 2021/2115.

08 02 02 03 Earnáil an fhíona

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 835 000 000 | 399 000 000 | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh le haghaidh idirghabhálacha in earnáil na fíona i gcomhréir le hAirteagail 57 go 60 de Rialachán (AE) 2021/2115.

**CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)** *(Ar lean.)*

***08 02 02*** *(Ar lean.)*

08 02 02 04 Earnáil na leannlusanna

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 200 000 | 2 200 000 | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh le haghaidh idirghabhálacha in earnáil na leannlusanna i gcomhréir le hAirteagail 61 agus 62 de Rialachán (AE) 2021/2115.

08 02 02 05 Earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 45 000 000 | 36 000 000 | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh le haghaidh idirghabhálacha in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird i gcomhréir le hAirteagail 63, 64 agus 65 de Rialachán (AE) 2021/2115.

08 02 02 06 Earnálacha eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 17 000 000 | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh le haghaidh idirghabhálacha in earnálacha eile i gcomhréir le hAirteagail 66, 67 agus 68 de Rialachán (AE) 2021/2115. Baineann sé le táirgí talmhaíochta sna hearnálacha a leagtar amach in Airteagal 1(2), pointí (a) go (h), (k), (m), (o) go (t) agus (w), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus earnálacha lena gcumhdaítear táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 08 — BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ*

**CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)** *(Ar lean.)*

### *08 02 03 Caiteachas a bhaineann leis an margadh lasmuigh de Phleananna Straitéiseach CBT*

08 02 03 01 Clár de roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus le hoileánacht agus Oileáin Aeigéacha bheaga (cé is moite d'íocaíochtaí díreacha)

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 226 000 000 | 229 000 000 | 221 292 689,49 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas i gcomhair beart áirithe do na réigiúin is forimeallaí den Aontas chomh maith leis na hOileáin Aeigéacha bheaga i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 agus le Rialachán (AE) Uimh. 229/2013.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 23).

Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1405/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 41).

08 02 03 02 Táirgí talmhaíochta a chur chun cinn — Cláir shimplí faoi bhainistíocht chomhpháirteach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 80 720 000 | 83 000 000 | 57 584 017,09 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcómhaoineofar cláir chur chun cinn arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit i dtaca le táirgí talmhaíochta, lena modh táirgthe agus le táirgí bia i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1144/2014.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 1144/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a bhaineann le táirgí talmhaíochta a chuirtear chun feidhme sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle ( IO L 317, 4.11.2014, lch. 56).

**CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)** *(Ar lean.)*

***08 02 03*** *(Ar lean.)*

08 02 03 03 Táirgí talmhaíochta a chur chun cinn — Ilchláir agus gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 96 900 000 | 96 377 817 | 96 900 000 | 103 791 101 | 95 427 855,16 | 72 042 505,08 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go maoineofar gníomhaíochtaí arna mbainistiú go díreach ag an gCoimisiún chomh maith leis an gcúnamh teicniúil, amhail obair ullmhúcháin, faireachán, meastóireacht, maoirseacht agus bearta bainistíochta, is gá do chur chun feidhme na gclár cur chun cinn i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1144/2014.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 1144/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a bhaineann le táirgí talmhaíochta a chuirtear chun feidhme sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle (IO L 317, 4.11.2014, lch. 56).

08 02 03 04 Scéimeanna scoile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 180 000 000 | 175 000 000 | 170 126 571,08 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann leis an scéim cúnaimh do sholáthar torthaí agus glasraí agus bainne i mbunaíochtaí oideachasúla i gcomhréir le hAirteagail 22 go 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013.

08 02 03 05 Ola olóige

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | 9 000 000 | 47 721 899,44 |

**CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)** *(Ar lean.)*

***08 02 03*** *(Ar lean.)*

08 02 03 05 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le heagraíochtaí táirgeoirí aitheanta, comhlachais d'eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíocht idirchraoibhe i gcomhréir le hAirteagail 29, 30 agus 31 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2117.

08 02 03 06 Torthaí agus glasraí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 715 000 000 | 508 000 000 | 877 864 479,15 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar maoiniúchán an Aontais ar chaiteachas a bhaineann le cistí oibríochtúla d'eagraíochtaí táirgeoirí i gcomhréir le hAirteagail 32 go 38 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2117.

08 02 03 07 Fíon

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 183 000 000 | 627 000 000 | 950 586 027,73 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le cláir thacaíochta d'earnáil an fhíona i gcomhréir le hAirteagail 39 go 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Airteagal 5(7) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2117.

08 02 03 08 Beachadóireacht

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | 5 000 000 | 51 212 547,92 |

***08 02 03*** *(Ar lean.)*

08 02 03 08 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar cláir thacaíochta d’earnáil na beachadóireachta i gcomhréir le hAirteagail 55, 56 agus 57 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2117.

08 02 03 09 Leannlusanna

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 2 188 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an chabhair d’eagraíochtaí na dtáirgeoirí in earnáil na leannlusanna i gcomhréir le hAirteagail 58, 59 agus 60 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Airteagal 5(5) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2117.

08 02 03 10 Bearta stórála poiblí agus príobháideacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | 12 000 000 | 10 230 030,57 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais theicniúla, airgeadais agus eile, go háirithe an dímheas airgeadais ar stoic, mar thoradh ar cheannach isteach do stóráil phoiblí gránach, ríse, púdair bainne bhearrtha, ime agus uachtair, mairteola agus laofheola. Cumhdaítear leis freisin cabhair do stóráil phríobháideach siúcra, ola olóige, snáithín lín, púdair bainne bhearrtha, ime agus uachtair, cáiseanna áirithe, mairteola agus laofheola, caoireola, feola gabhar agus muiceola i gcomhréir le Cuid II, Teideal I, Caibidil I, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus le hAirteagail 2, 3 agus 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013 i dtaca le bearta a tháinig i bhfeidhm roimh an 16 Deireadh Fómhair 2022, i.e. dáta theacht i bhfeidhm Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/2116.

**CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)** *(Ar lean.)*

***08 02 03*** *(Ar lean.)*

08 02 03 11 Bearta eisceachtúla

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 350 000 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas ar bhearta eisceachtúla faoi Airteagail 219, 220 agus 221 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 i dtaca le bearta a tháinig i bhfeidhm roimh an 16 Deireadh Fómhair 2022, i.ie. dáta theacht i bhfeidhm Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/2116.

***08 02 04*** ***Cineálacha idirghabhálacha íocaíochtaí díreacha faoi Phleananna Straitéiseacha CBT***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar chineálacha idirghabhálacha íocaíochta dírí faoi Rialachán (AE) 2021/2115.

08 02 04 01 Tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 18 282 200 000 | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas faoin tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta dá bhforáiltear i dTeideal III, Caibidil II, de Rialachán (AE) 2021/2115.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 400 000 000 | 6 2 0 0 |

08 02 04 02 Tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuanaitheachta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 917 000 000 | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas faoin tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuanaitheachta dá bhforáiltear i dTeideal III, Caibidil II, de Rialachán (AE) 2021/2115.

08 02 04 03 Tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 670 000 000 | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas faoin tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga dá bhforáiltear i dTeideal III, Caibidil II, de Rialachán (AE) 2021/2115.

08 02 04 04 Scéimeanna maidir leis an aeráid agus maidir leis an gcomhshaol

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 8 698 000 000 | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas faoi na scéimeanna maidir leis an aeráid agus maidir leis an gcomhshaol dá bhforáiltear i dTeideal III, Caibidil II, de Rialachán (AE) 2021/2115.

08 02 04 05 Tacaíocht ioncaim chúpláilte

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 4 485 000 000 | p.m. | 0,— |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 08 — BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ*

**CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)** *(Ar lean.)*

***08 02 04*** *(Ar lean.)*

08 02 04 05 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas faoin tacaíocht ioncaim chúpláilte dá bhforáiltear i dTeideal III, Caibidil II, de Rialachán (AE) 2021/2115.

08 02 04 06 Íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 244 000 000 | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas faoin íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis dá bhforáiltear i dTeideal III, Caibidil II, de Rialachán (AE) 2021/2115.

***08 02 05*** ***Íocaíochtaí díreacha lasmuigh de Phleananna Straitéiseacha CBT***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar íocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

08 02 05 01 Clár de roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus le hoileánacht agus Oileáin bheaga Aeigéacha (íocaíochtaí díreacha)

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 444 000 000 | 444 000 000 | 436 236 250,26 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíochtaí díreacha le cláir ina bhfaightear bearta sonracha chun cúnamh leis an táirgeadh talmhaíochta áitiúil sna réigiúin is forimeallaí den Aontas chomh maith leis an gcabhair dhíreach do na hOileáin bheaga Aeigéacha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 23).

**CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)** *(Ar lean.)*

***08 02 05*** *(Ar lean.)*

08 02 05 01 *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1405/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 41).

08 02 05 02 An Scéim Íocaíochta Aonair Limistéir (SIAL)

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | 4 495 000 000 | 4 375 919 452,61 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas faoin scéim íocaíochta aonair limistéir i gcomhréir le Teideal III, Caibidil 1, Roinn 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

08 02 05 03 Íocaíocht athdháilte

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | 1 661 000 000 | 1 608 943 591,89 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas faoin íocaíocht athdháilte dá bhforáiltear i dTeideal III, Caibidil 2, de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

08 02 05 04 Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí (BPS)

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | 14 192 000 000 | 14 262 326 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar íocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí i gcomhréir le Teideal III, Caibidil 1, de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 08 — BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ*

**CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)** *(Ar lean.)*

***08 02 05*** *(Ar lean.)*

08 02 05 05 Íocaíocht do chleachtais talmhaíochta a dhéanann leas na haeráide agus an chomhshaoil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | 10 931 000 000 | 10 754 528 998,21 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas faoin íocaíocht do chleachtais talmhaíochta a dhéanann leas na haeráide agus an chomhshaoil i gcomhréir le Teideal III, Caibidil 3, de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

08 02 05 06 Íocaíocht d’fheirmeoirí i limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | 5 000 000 | 4 814 161,35 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas faoin íocaíocht i leith limistéar a bhfuil srianta nádúrtha iontu i gcomhréir le Teideal III, Caibidil 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

08 02 05 07 Íocaíocht d’fheirmeoirí óga

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | 477 000 000 | 467 686 238,66 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas faoin íocaíocht d’fheirmeoirí óga i gcomhréir le Teideal III, Caibidil 5, de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

**CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)** *(Ar lean.)*

***08 02 05*** *(Ar lean.)*

08 02 05 08 Íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | 246 000 000 | 235 358 839,53 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas le haghaidh na híocaíochta i leith barr sonrach le haghaidh cadáis dá bhforáiltear i dTeideal IV, Caibidil 2, de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

08 02 05 09 Scéim tacaíochta cúpláilte deonaí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | 4 080 000 000 | 4 013 297 011,41 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar an tacaíocht chúpláilte dheonach dá bhforáiltear i dTeideal IV, Caibidil 1, de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

08 02 05 10 Scéim na bhfeirmeoirí beaga

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | 595 000 000 | 646 888 422,75 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas faoi scéim na bhfeirmeoirí beaga i gcomhréir le Teideal V de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

08 02 05 11 Cúlchiste le haghaidh géarchéimeanna in earnáil na talmhaíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

**CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)** *(Ar lean.)*

***08 02 05*** *(Ar lean.)*

08 02 05 11 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar bhearta is gá chun dul i ngleic le géarchéimeanna móra a mbíonn tionchar acu ar an táirgeadh nó an dáileadh talmhaíochta i gcomhréir le hAirteagal 25 agus Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 chomh maith le pointe 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach ón 2 Nollaig 2013.

*Gníomhartha tagartha*

Comhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais (IO C 373, 20.12.2013, lch. 1).

08 02 05 12 Aisíoc íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí ó leithreasuithe a tugadh anonn i ndáil le smacht airgeadais

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Ní áirítear leis an mír seo aon leithreasuithe nua, ach tá sí beartaithe na méideanna a chur san áireamh a d’fhéadfaí a thabhairt anonn i gcomhréir le hAirteagal 12(2), pointe (d), den Rialachán Airgeadais le haghaidh aisíoc an laghdaithe ar íocaíochtaí díreacha i ngeall ar chur i bhfeidhm an smachta airgeadais sa bhliain roimhe sin. I gcomhréir le hAirteagal 17(3) de Rialachán (AE) 2021/2116, tá na leithreasuithe a thabharfar anonn le húsáid le haghaidh aisíocaíochta a mhéad is gá chun cur i bhfeidhm arís agus arís eile smachta airgeadais a sheachaint. I gcomhréir le hAirteagal 17(4) de Rialachán (AE) 2021/2116, tá na Ballstáit leis na méideanna arna socrú ag an gCoimisiún a aisíoc leis na tairbhithe deiridh bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha. Níl feidhm le bheith ag an aisíocaíocht ach amháin maidir le tairbhithe deiridh sna Ballstáit sin ina mbeidh feidhm ag smacht airgeadais sa bhliain airgeadais roimhe sin.

***08 02 06*** ***Straitéis bheartais, comhordúchán agus iniúchadh***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ceartuithe airgeadais i bhfabhar na mBallstát, caiteachas ar réiteach díospóidí agus caingne arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta faoi bhainistíocht dhíreach ag an gCoimisiún.

**CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)** *(Ar lean.)*

***08 02 06*** *(Ar lean.)*

08 02 06 01 Ceartuithe airgeadais i bhfabhar na mBallstát tar éis cinntí imréiteach cuntas agus imréiteach comhréireachta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 250 900 000 | 331 385 130 | 155 650 053,62 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na torthaí ar chinntí imréiteach cuntas agus imréiteach comhréireachta i gcomhréir le hAirteagal 51 agus Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 i gcás ina ndéantar na cinntí sin i bhfabhar na mBallstát.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na torthaí ar chinntí maidir le himréiteach airgeadais bliantúil agus imréiteach comhréireachta bliantúil i gcomhréir le hAirteagail 53, 54 agus 55 de Rialachán (AE) 2021/2116 i gcás ina ndéantar na cinntí sin i bhfabhar na mBallstát.

08 02 06 02 Díospóidí a réiteach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 3 302 915,89 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas dá gcuirtear an Coimisiún faoi dhliteanas le cinneadh ón gcúirt, lena n-áirítear an costas a bhaineann le socrú éilimh ar dhamáistí agus ús.

08 02 06 03 An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) — Cúnamh teicniúil oibríochtúil

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 128 502 106 | 117 228 502 | 74 155 721 | 73 234 976 | 79 836 851,68 | 73 254 462,32 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 08 — BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ*

**CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)** *(Ar lean.)*

***08 02 06*** *(Ar lean.)*

08 02 06 03 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar fóirdheontais, caiteachas conarthacha agus caiteachas ar sheirbhísí atá nasctha le bearta is gá d'anailísiú, bainistiú, faireachán ar acmhainní talmhaíochta, malartú faisnéise agus cur chun feidhme an chomhbheartais talmhaíochta i gcomhréir le hAirteagal 5(3) agus Airteagail 7, 24, 25 agus 46 de Rialachán (AE) 2021/2116. Baineann sé sin go háirithe le:

— cur chun feidhme an Chreata Coitinn Faireacháin agus Meastóireachta,

— seiceálacha cianbhraiteachta a dhéanamh agus oibríochtaí a chur chun feidhme leis an gcianbhraiteacht a chur i bhfeidhm, amhail acharshampláil agus measúnú cáilíochta a dhéanamh ar an gCóras Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talaimh (CADT), agus an tacaíocht ghaolmhar um sheirbhísí teicniúla,

— samhaltú na hearnála talmhaíochta, lena n-áirítear samhlacha agraimeitéareolaíochta, agus réamhaisnéisí gearrthéarmacha agus meántéarmacha ar threochtaí i struchtúr an mhargaidh agus na talmhaíochta, agus scaipeadh na dtorthaí,

— maoiniúchán na mbeart faisnéise ag an Aontas, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach agus bearta leis an aidhm cuidiú leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhíniú, a chur chun feidhme agus a fhorbairt; agus chun feasacht phoiblí a spreagadh faoina bhfuil ann agus faoi na cuspóirí leis,

— córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha,

— staidéir faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus bearta meastóireachta,

— caiteachas chun banc sonraí anailíseach a bhunú le haghaidh táirgí fíona dá bhforáiltear in Airteagal 89(5), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013,

— maoiniú na dtáillí caighdeánacha agus fhorbairt na saoráidí, lena n-áirítear tacaíocht aon uaire airgeadais do na Ballstáit chun an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme a uasghrádú chun sonraí cuntasaíochta feirme agus sonraí inbhuanaitheachta a bhailiú, a phróiseáil, a anailísiú, a fhoilsiú agus a scaipeadh, agus anailís a dhéanamh ar na torthaí,

— ranníocaíochtaí le maoiniú na suirbhéanna staitistiúla is gá chun faireachán a dhéanamh ar struchtúir san Aontais, lena n-áirítear bunachar sonraí Eurofarm,

— caiteachas ar fheabhsú na gcóras staidrimh thalmhaíochta san Aontas,

— fóirdheontais, caiteachas conarthach agus caiteachas a ghabhann le híocaíochtaí ar sheirbhísí atá nasctha le bunachair shonraí a cheannach agus a cheadú.

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena mbunaítear an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme (IO L 328, 15.12.2009, lch. 27).

Rialachán (AE) 2018/1091 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir le staidreamh comhtháite feirme agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1166/2008 agus (AE) Uimh. 1337/2011 (IO L 200, 7.8.2018, lch. 1).

***08 02 06*** *(Ar lean.)*

08 02 06 03 *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) 2023/2674 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme a athrú ina Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme (OJ L, 2023/2674, 29.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/2023/2674/oj).

## ***08 02 99*** ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a thabhairt i gcrích***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíochtaí i dtaca le ceangaltais atá fós le socrú ó bhlianta roimhe seo.

08 02 99 01 Cur i gcrích bearta roimhe seo faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) — Bainistíocht chomhroinnte

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 100 500 000 | 1 000 000 | – 6 629 568,94 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CEE) Uimh. 2075/92 ón gComhairle an 30 Meitheamh 1992 maidir le comheagrú an mhargaidh sa tobac amh (IO L 215, 30.7.1992, lch. 70).

Rialachán (CEE) Uimh. 404/93 ón gComhairle an 13 Feabhra 1993 maidir le comheagrú an mhargaidh i mbananaí (IO L 47, 25.2.1993, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 2201/96 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 1996 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí próiseáilte torthaí agus glasraí (IO L 297, 21.11.1996, lch. 29).

Rialachán (CE) Uimh. 2330/98 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 1998 lena bhforáiltear tairiscint maidir le cúiteamh do tháirgeoirí bainne agus táirgí bainne áirithe ar a bhfuil srian sealadach ó dhul i mbun a ngnó (IO L 291, 30.10.1998, lch. 4).

Rialachán (CE) Uimh. 2799/98 ón gComhairle an 15 Nollaig 1998 lena mbunaítear socruithe agra-airgeadaíochta don euro (IO L 349, 24.12.1998, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 1254/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagrú an mhargaidh sa mhairteoil agus sa laofheoil (IO L 160, 26.6.1999, lch. 21).

Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le tacaíocht don fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT) agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialacháin áirithe (IO L 160, 26.6.1999, lch. 80).

Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir leis na Cistí Struchtúracha (IO L 161, 26.6.1999, lch. 1).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 08 — BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ*

**CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)** *(Ar lean.)*

***08 02 99*** *(Ar lean.)*

08 02 99 01 *(Ar lean.)*

Rialachán (CE) Uimh. 1268/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 maidir le tacaíocht an Chomhphobail do bhearta réamhaontachais don talmhaíocht agus don fhorbairt tuaithe sna tíortha iarrthacha ó lár agus ó oirthear na hEorpa sa tréimhse réamhaontachais (IO L 161, 26.6.1999, lch. 87).

Rialachán (CE) Uimh. 1050/2001 ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena gcoigeartaítear, den séú huair, an córas cabhrach don chadás a tugadh isteach le Prótacal 4 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais na Gréige (IO L 148, 1.6.2001, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 1051/2001 ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le cabhair táirgeachta don chadás (IO L 148, 1.6.2001, lch. 3).

Rialachán (CE) Uimh. 1260/2001 ón gComhairle an 19 Meitheamh 2001 maidir le comheagrú na margaí in earnáil an tsiúcra (IO L 178, 30.6.2001, lch. 1).

Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1786/2003 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2003 maidir le comheagrú an mhargaidh i bhfarae triomaithe (IO L 270, 21.10.2003, lch. 114).

An Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33), agus go háirithe Iarscríbhinn II leis sin 'Liosta dá dtagraítear in Airteagal 20 den Ionstraim Aontachais', pointe 6A(26), arna hoiriúnú ag Cinneadh 2004/281/CE ón gComhairle (IO L 93, 30.3.2004, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 870/2004 ón gComhairle an 26 Aibreán 2004 lena mbunaítear clár Comhphobail chun acmhainní géiniteacha sa talmhaíocht a chaomhnú, a shaintréithriú, a bhailiú agus a úsáid, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1467/94 (IO L 162, 30.4.2004, lch. 18).

Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine agus oiriúnuithe ar na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, agus go háirithe Iarscríbhinn III leis sin 'Liosta dá dtagraítear in Airteagal 19 den Ionstraim Aontachais' (IO L 157, 21.6.2005, lch. 203).

Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2005 maidir le maoiniúchán an chomhbheartais talmhaíochta (IO L 209, 11.8.2005, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 39 de sin.

Rialachán (CE) Uimh. 320/2006 ón gComhairle an 20 Feabhra 2006 lena mbunaítear scéim shealadach d'athstruchtúrú ar thionscal an tsiúcra sa Chomhphobal agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 maidir le maoiniúchán an chomhbheartais talmhaíochta (IO L 58, 28.2.2006, lch. 42).

Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i gcás táirgí áirithe talmhaíochta (an Rialachán maidir le CEM Aonair) (IO L 299, 16.11.2007, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 103a de lena gcumhdaítear caiteachas i ndáil le cabhair do ghrúpaí táirgeoirí dá ndeonaítear réamhaitheantas.

Rialachán (CE) Uimh. 479/2008 ón gComhairle an 29 Aibreán 2008 maidir le comheagrú an fhíonmhargaidh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1493/1999, (CE) Uimh. 1782/2003, (CE) Uimh. 1290/2005, (CE) Uimh. 3/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2392/86 agus (CE) Uimh. 1493/1999 (IO L 148, 6.6.2008, lch. 1).

**CAIBIDIL 08 02 — AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)** *(Ar lean.)*

***08 02 99*** *(Ar lean.)*

08 02 99 01 *(Ar lean.)*

Airteagail 22 go 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013, lena gcumhdaítear caiteachas iarmharach a bhaineann le ranníocaíocht an Aontais leis an aonad torthaí scoile go dtí an scoilbhliain 2016/2017, ina dtugtar fabhar do tháirgí de thionscnamh áitiúil nó náisiúnta.

Airteagail 26 go 28 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013, lena gcumhdaítear caiteachas iarmharach ar chabhair Aontais a dheonaítear chun táirgí bainne áirithe a sholáthar do dhaltaí i mbunaíochtaí oideachasúla go dtí an scoilbhliain 2016/2017, ina dtugtar fabhar do tháirgí de thionscnamh áitiúil nó náisiúnta.

Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 1370/2013 agus Rialacháin (CE) Uimh. 399/94, (CE) Uimh. 2200/96, (CE) Uimh. 2201/96, (CE) Uimh. 2202/96, (CE) Uimh. 1782/2003 agus (AE) Uimh. 1234/2007, lena gcumhdaítear aon chaiteachas iarmharach ar thorthaí agus glasraí nach gcumhdaítear leis na leithreasuithe do na míreanna eile faoi Mhír 08 02 03 06.

Rialachán (CE) Uimh. 1308/2013, Rialachán Uimh. 136/66/CEE, Rialacháin (CE) Uimh. 865/2004 agus (CE) Uimh. 1234/2007, lena gcumhdaítear aon chaiteachas eile ar ola olóige.

Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe ar toradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1216/2009 agus (CE) Uimh. 614/2009 ón gComhairle (IO L 150, 20.5.2014, lch. 1).

**CAIBIDIL 08 03 — CISTE EORPACH TALMHAÍOCHTA UM FHORBAIRT TUAITHE (CETFT)**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 08 03 | CISTE EORPACH TALMHAÍOCHTA UM FHORBAIRT TUAITHE (CETFT) | | | | | | | | |
| **08 03 01** | ***Cineálacha idirghabhálacha san fhorbairt tuaithe*** | | | | | | | | |
| 08 03 01 01 | Cineálacha idirghabhálacha san fhorbairt tuaithe faoi Phleananna Straitéiseacha CBT | 3.2 | 13 125 537 974 | 4 360 000 000 | 12 904 404 700 | 927 000 000 | 0,— | 0,— | |
| 08 03 01 02 | Cineálacha idirghabhálacha san fhorbairt tuaithe — cláir 2014-2022 | 3.2 | p.m. | 7 610 000 000 | p.m. | 13 450 000 000 | 12 697 425 700,— | 13 815 416 416,15 | 181,54 |
| 08 03 01 03 | Cineálacha idirghabhálacha san fhorbairt tuaithe a mhaoinítear ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) | 3.2 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| | *Airteagal 08 03 01 — Fo-iomlán* | | 13 125 537 974 | 11 970 000 000 | 12 904 404 700 | 14 377 000 000 | 12 697 425 700,— | 13 815 416 416,15 | 115,42 |
| **08 03 02** | ***An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) — Cúnamh teicniúil oibríochtúil*** | 3.2 | 28 385 220 | 20 000 000 | 28 422 220 | 23 340 175 | 28 345 206,49 | 17 141 756,71 | 85,71 |
| **08 03 03** | ***An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)— Cúnamh teicniúil oibríochtúil arna mhaoiniú ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI)*** | 3.2 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| **08 03 04** | ***Ciste InvestEU — Ranníocaíocht ó CETFT*** | 3.2 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | | | |
| **08 03 99** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a thabhairt i gcrích*** | | | | | | | | |
| 08 03 99 01 | Cur i gcrích na gclár forbartha tuaithe roimhe seo — Caiteachas oibríochtúil (roimh 2014) | 3.2 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |

**CAIBIDIL 08 03 — CISTE EORPACH TALMHAÍOCHTA UM FHORBAIRT TUAITHE (CETFT)** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **08 03 99** | *(Ar lean.)* | | | | | | | | |
| 08 03 99 02 | Tabhairt i gcrích an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) — Cúnamh teicniúil oibríochtúil (roimh 2021) | 3.2 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 4 147 630,09 | |
| | *Airteagal 08 03 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 4 147 630,09 | |
| | **Caibidil 08 03 — IOMLÁN** | | **13 153 923 194** | **11 990 000 000** | **12 932 826 920** | **14 400 340 175** | **12 725 770 906,49** | **13 836 705 802,95** | **115,40** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar maoiniúchán idirghabhálacha Phleananna Straitéiseacha CBT arna gcistiú ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) faoin tréimhse chlársceidealaithe 2023-2027, chomh maith le cláir 2014-2020 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a bhfuil síneadh curtha leo go dtí 2021 agus 2022 faoi rialacha idirthréimhseacha arna leagan amach ag Rialachán (AE) 2020/2220. Féadfar na leithreasuithe sin a úsáid freisin chun aon íocaíocht gan íoc ar bhearta CETFT roimh 2014 a chumhdach, agus chun cúnamh teicniúil a mhaoiniú ar thionscnamh ón gCoimisiún laistigh den teorainn 0,25 % d'imchlúdach CETFT.

Le CETFT soláthraítear earraí poiblí aeráide agus comhshaoil sonracha, feabhsaítear iomaíochas na n-earnálacha talmhaíochta agus foraoiseachta, agus cuirtear chun cinn éagsúlú na gníomhaíochta eacnamaíche agus cáilíocht saoil agus oibre sna limistéir thuaithe lena n-áirítear limistéir a bhfuil srianta sonracha orthu.

I gcomhréir le hAirteagail 21, 22 agus 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

Ina theannta sin, agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/2094, maidir le hioncam sannta seachtrach mar thoradh ar fháltais ó Next Generation EU/Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a iontráiltear sa ráiteas ioncaim, d'eascair soláthar leithreasuithe don chlár seo faoin gcaibidil seo ar mhéid iomlán EUR 8 070 486 840 de ghealltanais in 2021 agus 2022.

**CAIBIDIL 08 03 — CISTE EORPACH TALMHAÍOCHTA UM FHORBAIRT TUAITHE (CETFT)** *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 ina leagtar síos forálacha coitianta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis an gCiste Comhtháthaithe, maidir le Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir leis an gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433I , 22.12.2020, lch. 23).

Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus cur i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le leithdháileadh tacaíochta den sórt sin i leith na mblianta 2021 agus 2022 (IO L 437, 28.12.2020, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187).

**CAIBIDIL 08 03 — CISTE EORPACH TALMHAÍOCHTA UM FHORBAIRT TUAITHE (CETFT)** *(Ar lean.)*

### *08 03 01 Cineálacha idirghabhálacha san fhorbairt tuaithe*

08 03 01 01 Cineálacha idirghabhálacha san fhorbairt tuaithe faoi Phleananna Straitéiseacha CBT

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 13 125 537 974 | 4 360 000 000 | 12 904 404 700 | 927 000 000 | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na cineálacha éagsúla idirghabhálacha le haghaidh forbairt tuaithe arna maoiniú ag CETFT i gcomhréir le Pleananna Straitéiseacha CBT de chuid na mBallstát don tréimhse chlársceidealaithe 2023-2027.

08 03 01 02 Cineálacha idirghabhálacha san fhorbairt tuaithe — cláir 2014-2022

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 7 610 000 000 | p.m. | 13 450 000 000 | 12 697 425 700,— | 13 815 416 416,15 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar maoiniú na gclár forbartha tuaithe don tréimhse 2014-2020 faoi CETFT i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, ar cuireadh síneadh leis go 2021 agus 2022 de bhun Rialachán (AE) 2020/2220.

08 03 01 03 Cineálacha idirghabhálacha san fhorbairt tuaithe a mhaoinítear ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo i bhfoirm ioncaim shannta sheachtraigh mar thoradh ar fháltais ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanas atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo de bhearta téarnaimh agus athléimneachta sonracha faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19 nach bhfacthas a macasamhail roimhe seo.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 08 — BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ*

**CAIBIDIL 08 03 — CISTE EORPACH TALMHAÍOCHTA UM FHORBAIRT TUAITHE (CETFT)** *(Ar lean.)*

### 08 03 02 *An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) — Cúnamh teicniúil oibríochtúil*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 28 385 220 | 20 000 000 | 28 422 220 | 23 340 175 | 28 345 206,49 | 17 141 756,71 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar bearta cúnaimh theicniúil oibríochtúla ar thionscnamh an Choimisiúin dá bhforáiltear le hAirteagail 51 go 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, Airteagal 58 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/2116. Áirítear leis sin an Líonra Eorpach um Fhorbairt Tuaithe agus Líonra na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuáil.

Áirítear leis an gcúnamh teicniúil oibríochtúil sin obair ullmhúcháin, faireachán, meastóireacht, agus bearta iniúchta is gá chun an comhbheartas talmhaíochta a chur chun feidhme. Is féidir é a úsáid, go háirithe, chun na nithe seo a leanas a mhaoiniú:

— scaipeadh faisnéise, lena n-áirítear comhar agus malartuithe ar leibhéal an Aontais agus líonrú na bpáirtithe lena mbaineann,

— soláthar faisnéise lena n-áirítear staidéir agus meastóireacht,

— caiteachas ar fhaisnéis teicneolaíochta agus ar theileachumarsáid,

— caiteachas ar chosaint leasanna an Aontais (dlíthiúlacht agus rialtacht, calaois, pionóis agus gníomhaíochtaí téarnaimh).

### 08 03 03 *An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)— Cúnamh teicniúil oibríochtúil arna mhaoiniú ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI)*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo i bhfoirm ioncaim shannta sheachtraigh mar thoradh ar fháltais ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanas atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo de bhearta cúnaimh theicniúil oibríochtúla ar thionscnamh an Choimisiún dá bhforáiltear le hAirteagail 51 go 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus Airteagal 58 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Áirítear leis sin an Líonra Eorpach um Fhorbairt Tuaithe agus Líonra na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuáil.

**CAIBIDIL 08 03 — CISTE EORPACH TALMHAÍOCHTA UM FHORBAIRT TUAITHE (CETFT)** *(Ar lean.)*

***08 03 03*** *(Ar lean.)*

Áirítear leis an gcúnamh teicniúil oibríochtúil sin obair ullmhúcháin, faireachán, meastóireacht, agus bearta iniúchta is gá chun an comhbheartas talmhaíochta a chur chun feidhme. Is féidir é a úsáid, go háirithe, chun na nithe seo a leanas a mhaoiniú:

— scaipeadh faisnéise, lena n-áirítear comhar agus malartuithe ar leibhéal an Aontais agus líonrú na bpáirtithe lena mbaineann,

— soláthar faisnéise lena n-áirítear staidéir agus meastóireachtaí,

— caiteachas ar theicneolaíocht faisnéise agus ar theileachumarsáid,

— caiteachas ar chosaint leasanna an Aontais (dlíthiúlacht agus rialtacht, calaois, pionóis agus gníomhaíochtaí téarnaimh).

***08 03 04*** ***Ciste InvestEU — Ranníocaíocht ó CETFT***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo acmhainní Chiste InvestEU a chomhlánú tar éis iarraidh ó Bhallstát ar leasú ar a Phlean Straitéiseach CBT go leithdháilfear suas le 3 % ar a mhéad de leithdháileadh náisiúnta tosaigh an Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) chuig Ciste InvestEU de bhun Airteagal 81 de Rialachán (AE) 2021/2115. Cuirfear na hacmhainní arna n-aistriú chun feidhme i gcomhréir le rialacha Chiste InvestEU agus úsáidfear iad i ndáil le soláthar don chuid de ráthaíocht AE faoi urrann an Bhallstáit nuair a bheidh an comhaontú ranníocaíochta tugtha i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2021/523.

***08 03 99*** ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a thabhairt i gcrích***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíochtaí i dtaca le ceangaltais atá fós le socrú ó bhlianta roimhe seo.

08 03 99 01 Cur i gcrích na gclár forbartha tuaithe roimhe seo — Caiteachas oibríochtúil (roimh 2014)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

**CAIBIDIL 08 03 — CISTE EORPACH TALMHAÍOCHTA UM FHORBAIRT TUAITHE (CETFT)** *(Ar lean.)*

***08 03 99*** *(Ar lean.)*

08 03 99 01 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le tacaíocht don fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT) agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialacháin áirithe (IO L 160, 26.6.1999, lch. 80).

Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir leis na Cistí Struchtúracha (IO L 161, 26.6.1999, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 1268/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 maidir le tacaíocht an Chomhphobail do bhearta réamhaontachais don talmhaíocht agus don fhorbairt tuaithe sna tíortha iarrthacha ó lár agus ó oirthear na hEorpa sa tréimhse réamhaontachais (IO L 161, 26.6.1999, lch. 87).

Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2005 maidir le maoiniúchán an chomhbheartais talmhaíochta (IO L 209, 11.8.2005, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 39 de sin.

Rialachán (AE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO L 277, 21.10.2005, lch. 1).

Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33) agus go háirithe Iarscríbhinn II leis sin. 'Liosta dá dtagraítear in Airteagal 20 den Ionstraim Aontachais', pointe 6A(26), arna oiriúnú ag Cinneadh 2004/281/CE ón gComhairle (IO L 93, 30.3.2004, lch. 1).

*Gníomhartha tagartha*

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig na Ballstáit an 15 Meitheamh 1994 lena leagtar síos treoirlínte le haghaidh cláir oibríochtúla a dtugtar cuireadh do na Ballstáit a bhunú faoi chuimsiú thionscnamh Comhphobail maidir leis na réigiúin is forimeallaí (REGIS II) (IO C 180, 1.7.1994, lch. 44).

Fógra ón gCoimisiún chuig na Ballstáit an 15 Meitheamh 1994 lena leagtar síos treoirlínte do dheontais dhomhanda nó cláir oibríochtúla chomhtháite a thugtar cuireadh do na Ballstáit iarratais ar chúnamh a chur isteach faoi chuimsiú thionscnamh Comhphobal um fhorbairt na tuaithe (Leader II) (IO C 180, 1.7.1994, lch. 48).

**CAIBIDIL 08 03 — CISTE EORPACH TALMHAÍOCHTA UM FHORBAIRT TUAITHE (CETFT)** *(Ar lean.)*

***08 03 99*** *(Ar lean.)*

08 03 99 01 *(Ar lean.)*

Fógra ón gCoimisiún chuig na Ballstáit an 15 Meitheamh 1994 lena leagtar síos treoirlínte do chláir oibríochtúla a thugtar cuireadh do na Ballstáit a bhunú i gcreat thionscnamh Comhphobail maidir le forbairt réigiún teorann, comhar trasteorann agus gréasáin fuinnimh roghnaithe (Interreg II) (IO C 180, 1.7.1994, lch. 60).

Fógra ón gCoimisiún chuig na Ballstáit an 16 Bealtaine 1995 lena leagtar síos treoirlínte le haghaidh tionscnaimh faoi chuimsiú an chláir tacaíochta speisialta um shíocháin agus athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus i gcontaetha teorann na hÉireann (IO C 186, 20.7.1995, lch. 3) (PEACE I).

Fógra ón gCoimisiún chuig na Ballstáit an 8 Bealtaine 1996 lena leagtar síos treoirlínte do chláir oibríochtúla a thugtar cuireadh do na Ballstáit a bhunú faoi chuimsiú thionscnamh Interreg Comhphobail maidir le comhar trasnáisiúnta ar phleanáil spásúil (INTERREG II C) (IO C 200, 10.7.1996, lch. 23).

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus Coiste na Réigiún an 26 Samhain 1997 maidir le clár tacaíocht speisialta um shíocháin agus athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus i gcontaetha teorann na hÉireann (1995 go 1999) (COIM(1997) 642).

Cinneadh 1999/501/CE ón gCoimisiún an 1 Iúil 1999 lena ndeisítear leithdháileadh táscach ag Ballstát ar na leithreasuithe ceangaltais le haghaidh Chuspóir 1 de na Cistí Struchtúracha don tréimhse idir 2000 agus 2006 (IO L 194, 27.7.1999, lch. 49), agus go háirithe aithris 5 de sin.

Fógra ón gCoimisiún chuig na Ballstáit an 14 Aibreán 2000 lena leagtar síos treoirlínte don tionscnamh Comhphobail um fhorbairt na tuaithe (Leader+) (IO C 139, 18.5.2000, lch. 5).

Rialachán (CE) Uimh. 1974/2006 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe do chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO L 368, 23.12.2006, lch. 15).

08 03 99 02 Tabhairt i gcrích an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) — Cúnamh teicniúil oibríochtúil (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 4 147 630,09 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO L 277, 21.10.2005, lch. 1).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 08 — BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ*

**CAIBIDIL 08 03 — CISTE EORPACH TALMHAÍOCHTA UM FHORBAIRT TUAITHE (CETFT)** *(Ar lean.)*

***08 03 99*** *(Ar lean.)*

08 03 99 02 *(Ar lean.)*

Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 ón gComhairle an 27 Márta 2007 lena leagtar síos rialacha maidir le modhnú deonach ar íocaíochtaí díreacha dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna le haghaidh scéimeanna tacaíochta dírí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna tacaíochta áirithe le haghaidh feirmeoirí, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 (IO L 95, 5.4.2007, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle an 19 Eanáir 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le scéimeanna um thacaíocht dhíreach d'fheirmeoirí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna tacaíochta d'fheirmeoirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005, Rialachán (CE) Uimh. 247/2006, Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 (IO L 30, 31.1.2009 , lch. 16).

Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 ina leagtar síos forálacha coitianta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis an gCiste Comhtháthaithe, maidir le Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir leis an gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

Rialachán (AE) Uimh. 1310/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus a ndáileadh i dtaca leis an mbliain 2014 agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann lena gcur i bhfeidhm sa bhliain 2014 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 865).

Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

Rialachán (AE) 2018/1475 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos creat dlíthiúil an Chóir Dlúthphháirtíochta Eorpaigh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 agus Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE (IO L 250, 4.10.2018, lch. 1).

**CAIBIDIL 08 04 — AN CISTE EORPACH MUIRÍ, IASCAIGH AGUS DOBHARSHAOTHRAITHE (CEMID)**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 08 04 | AN CISTE EORPACH MUIRÍ, IASCAIGH AGUS DOBHARSHAOTHRAITHE (CEMID) | | | | | | | | |
| ***08 04 01*** | ***An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe CEMID — Caiteachas oibríochtúil faoi bhainistíocht chomhroinnte*** | 3.2 | 958 424 616 | 75 000 000 | 993 737 961 | 27 500 000 | 1 024 981 380,— | 52 985 247,04 | 70,65 |
| ***08 04 02*** | ***An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) — Caiteachas oibríochtúil faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach*** | 3.2 | 96 198 888 | 121 669 576 | 94 207 693 | 51 500 000 | 91 666 760,35 | 46 661 008,65 | 38,35 |
| ***08 04 03*** | ***An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) — Cúnamh teicniúil oibríochtúil*** | 3.2 | 5 177 575 | 5 140 543 | 5 074 352 | 4 774 000 | 4 572 640,50 | 3 598 046,24 | 69,99 |
| ***08 04 04*** | ***Ciste InvestEU — Ranníocaíocht ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID)*** | 3.2 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| ***08 04 05*** | ***An Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (IBTV) — Ranníocaíocht ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID)*** | 3.2 | 2 034 466 | 962 489 | 2 109 426 | 562 494 | 2 182 016,— | 0,— | |
| ***08 04 06*** | ***An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta — Ranníocaíocht ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID)*** | 3.2 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| ***08 04 99*** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a thabhairt i gcrích*** | | | | | | | | |
| 08 04 99 01 | Cur i gcrích an Chiste Eorpaigh Iascaigh (CEI) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh (CEMID) — Caiteachas oibríochtúil faoi bhainistíocht chomhroinnte (roimh 2021) | 3.2 | p.m. | 560 000 000 | p.m. | 768 000 000 | 0,— | 575 764 530,63 | 102,82 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 08 — BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ*

**CAIBIDIL 08 04 — AN CISTE EORPACH MUIRÍ, IASCAIGH AGUS DOBHARSHAOTHRAITHE (CEMID)** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **08 04 99** | *(Ar lean.)* | | | | | | | | |
| 08 04 99 02 | Cur i gcrích an Chiste Eorpaigh Iascaigh (CEI) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh (CEMI) — Caiteachas oibríochtúil faoi bhainistíocht dhíreach (roimh 2021) | 3.2 | p.m. | 9 990 863 | p.m. | 28 573 868 | 0,— | 48 092 166,02 | 481,36 |
| 08 04 99 03 | Cur i gcrích an Chiste Eorpaigh Iascaigh (CEI) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh (CEMI) — Cúnamh teicniúil oibríochtúil (roimh 2021) | 3.2 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 639 093,41 | |
| | *Airteagal 08 04 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 569 990 863 | p.m. | 796 573 868 | 0,— | 624 495 790,06 | 109,56 |
| | **Caibidil 08 04 — IOMLÁN** | | **1 061 835 545** | **772 763 471** | **1 095 129 432** | **880 910 362** | **1 123 402 796,85** | **727 740 091,99** | **94,17** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann leis an gcomhbheartas iascaigh agus muirí a chur chun feidhme d'fhonn:

— iascaigh inbhuanaithe a chothú agus athchóiriú agus caomhnú na n-acmhainní bitheolaíocha uisceacha,

— gníomhaíochtaí dobharshaothraithe inbhuanaithe a chothú, agus táirgí iascach agus dobharshaothraithe a phróiseáil agus a mhargú, agus cur leis an tslándáil bia san Aontas dá réir,

— geilleagar gorm inbhuanaithe a chumasú sna limistéir cois cósta, oileánda agus intíre, agus forbairt na bpobal iascaigh agus dobharshaothraithe a chothú,

— rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a neartú agus sábháilteacht, slándáil, glaineacht agus bainistiú inbhuanaithe na bhfarraigí agus na n-aigéan a chumasú.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir leis na ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, tíortha is iarrthóirí ionchasacha sna Balcáin Thiar, nó tríú tíortha eile) do rannpháirtíocht i gcláir an Aontais agus aon ioncam sannta eile a iontráiltear sa ráiteas ioncaim; eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

**CAIBIDIL 08 04 — AN CISTE EORPACH MUIRÍ, IASCAIGH AGUS DOBHARSHAOTHRAITHE (CEMID)** *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2328/2003, (CE) Uimh. 861/2006, (CE) Uimh. 1198/2006 agus (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 (IO L 247, 13.7.2021, lch. 1).

***08 04 01 An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe CEMID — Caiteachas oibríochtúil faoi bhainistíocht chomhroinnte***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 958 424 616 | 75 000 000 | 993 737 961 | 27 500 000 | 1 024 981 380,— | 52 985 247,04 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas faoi Theideal II de Rialachán (AE) 2021/1139.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 47 030 126 | 6 2 0 2 |

**CAIBIDIL 08 04 — AN CISTE EORPACH MUIRÍ, IASCAIGH AGUS DOBHARSHAOTHRAITHE (CEMID)** *(Ar lean.)*

### 08 04 02 *An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) — Caiteachas oibríochtúil faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 96 198 888 | 121 669 576 | 94 207 693 | 51 500 000 | 91 666 760,35 | 46 661 008,65 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas faoi Theideal III de Rialachán (AE) 2021/1139.

### 08 04 03 *An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) — Cúnamh teicniúil oibríochtúil*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 5 177 575 | 5 140 543 | 5 074 352 | 4 774 000 | 4 572 640,50 | 3 598 046,24 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar chúnamh teicniúil oibríochtúil faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/1139.

### 08 04 04 *Ciste InvestEU — Ranníocaíocht ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID)*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

**CAIBIDIL 08 04 — AN CISTE EORPACH MUIRÍ, IASCAIGH AGUS DOBHARSHAOTHRAITHE (CEMID)** *(Ar lean.)*

***08 04 04*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo acmhainní Chiste InvestEU a chomhlánú tar éis iarratas Ballstáit sa Chomhaontú Comhpháirtíochta nó iarraidh ar leasú ar chlár go n-aistreofar suas le 5 % de leithdháileadh náisiúnta tosaigh an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) chuig Ciste InvestEU de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/1060. Cuirfear na hacmhainní arna n-aistriú chun feidhme i gcomhréir le rialacha Chiste InvestEU agus úsáidfear iad i ndáil le soláthar don chuid de ráthaíocht AE faoi urrann an Bhallstáit nuair a bheidh an comhaontú ranníocaíochta tugtha i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2021/523.

***08 04 05*** ***An Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (IBTV) — Ranníocaíocht ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 2 034 466 | 962 489 | 2 109 426 | 562 494 | 2 182 016,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo acmhainní Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (IBTV) a chomhlánú tar éis iarratas Ballstáit sa Chomhaontú Comhpháirtíochta nó in iarraidh ar leasú ar chlár go n-aistreofar suas le 5 % de leithdháileadh náisiúnta tosaigh an Chiste Eorpaigh Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) chuig IBTV de bhun Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2021/1060. Cuirfear na hacmhainní arna n-aistriú chun feidhme i gcomhréir le rialacha IBTV agus ar mhaithe leis an mBallstát lena mbaineann.

***08 04 06*** ***An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta — Ranníocaíocht ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcomhlánófar acmhainní na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta tar éis iarraidh ó Bhallstát sa Chomhaontú Comhpháirtíochta nó in iarraidh ar chlár a leasú chun cuid de leithdháileadh náisiúnta tosaigh an Chiste Eorpaigh Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) a aistriú chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta de bhun Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2021/1060. Déanfar acmhainní arna n-aistriú a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus chun leas an Bhallstáit lena mbaineann.

**08 04 99 *Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a thabhairt i gcrích***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith ceangaltas atá fós le híoc ó bhlianta roimhe seo, agus áirítear leo an réamh-mhaoiniú do chláir a bhaineann leis an tréimhse 2014-2020, agus an treoraíocht a thug an Chomhairle Eorpach á cur san áireamh.

08 04 99 01 Cur i gcrích an Chiste Eorpaigh Iascaigh (CEI) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh (CEMID) — Caiteachas oibríochtúil faoi bhainistíocht chomhroinnte (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 560 000 000 | p.m. | 768 000 000 | 0,— | 575 764 530,63 |

*Barúlacha*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim)

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 28 000 000 | 6 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle an 27 Iúil 2006 maidir leis an gCiste Eorpach Iascaigh (IO L 223, 15.8.2006, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 ina leagtar síos forálacha coitianta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis an gCiste Comhtháthaithe, maidir le Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir leis an gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2328/2003, (CE) Uimh. 861/2006, (CE) Uimh. 1198/2006 agus (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 5, pointe (a), pointe (c), agus pointe (d), de sin.

**CAIBIDIL 08 04 — AN CISTE EORPACH MUIRÍ, IASCAIGH AGUS DOBHARSHAOTHRAITHE (CEMID)** *(Ar lean.)*

***08 04 99*** *(Ar lean.)*

08 04 99 02 Cur i gcrích an Chiste Eorpaigh Iascaigh (CEI) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh (CEMI) — Caiteachas oibríochtúil faoi bhainistíocht dhíreach (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 9 990 863 | p.m. | 28 573 868 | 0,— | 48 092 166,02 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle an 27 Iúil 2006 maidir leis an gCiste Eorpach Iascaigh (IO L 223, 15.8.2006, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2328/2003, (CE) Uimh. 861/2006, (CE) Uimh. 1198/2006 agus (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch. 1).

08 04 99 03 Cur i gcrích an Chiste Eorpaigh Iascaigh (CEI) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh (CEMI) — Cúnamh teicniúil oibríochtúil (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 639 093,41 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle an 27 Iúil 2006 maidir leis an gCiste Eorpach Iascaigh (IO L 223, 15.8.2006, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 ina leagtar síos forálacha coitianta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis an gCiste Comhtháthaithe, maidir le Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir leis an gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

**CAIBIDIL 08 04 — AN CISTE EORPACH MUIRÍ, IASCAIGH AGUS DOBHARSHAOTHRAITHE (CEMID)** *(Ar lean.)*

***08 04 99*** *(Ar lean.)*

08 04 99 03 *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2328/2003, (CE) Uimh. 861/2006, (CE) Uimh. 1198/2006 agus (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch. 1).

**CAIBIDIL 08 05 — COMHAONTUITHE COMHPHÁIRTÍOCHTA MAIDIR LE HIASCAIGH INBHUANAITHE (SFPANNA) AGUS EAGRAÍOCHTAÍ RÉIGIÚNACHA BAINISTITHE IASCAIGH (ERBINNA)**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 08 05 | COMHAONTUITHE COMHPHÁIRTÍOCHTA MAIDIR LE HIASCAIGH INBHUANAITHE (SFPANNA) AGUS EAGRAÍOCHTAÍ RÉIGIÚNACHA BAINISTITHE IASCAIGH (ERBINNA) | | | | | | | | |
| **08 05 01** | ***Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta ag soithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tíortha*** | 3.2 | 89 881 754 | 98 328 754 | 107 593 754 | 117 218 754 | 153 845 584,— | 153 597 212,24 | 156,21 |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | | *66 850 000* | *38 250 000* | *3 460 000* | *3 460 000* | | | |
| | | | 156 731 754 | 136 578 754 | 111 053 754 | 120 678 754 | 153 845 584,— | 153 597 212,24 | |
| **08 05 02** | ***An fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn do bhainistiú iascaigh agus rialachas muirí i gcomhréir le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) (ranníocaíochtaí éigeantacha le comhlachtaí idirnáisiúnta)*** | 3.2 | 6 050 000 | 6 050 000 | 5 700 000 | 5 700 000 | 5 489 994,64 | 5 489 994,64 | 90,74 |
| | **Caibidil 08 05 — IOMLÁN** | | **95 931 754** | **104 378 754** | **113 293 754** | **122 918 754** | **159 335 578,64** | **159 087 206,88** | **152,41** |
| | ***Cúlchistí (30 02 02)*** | | ***66 850 000*** | ***38 250 000*** | ***3 460 000*** | ***3 460 000*** | | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | | **162 781 754** | **142 628 754** | **116 753 754** | **126 378 754** | **159 335 578,64** | **159 087 206,88** | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le cur chun feidhme na gComhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus na bPrótacal a ghabhann leo atá tugtha i gcrích idir an tAontas agus tríú tíortha maidir le ballraíocht eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir leis na ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, tíortha is iarrthóirí ionchasacha sna Balcáin Thiar, nó tríú tíortha eile) do rannpháirtíocht i gcláir an Aontais agus aon ioncam sannta eile a iontráiltear sa ráiteas ioncaim; eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 08 — BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ*

**CAIBIDIL 08 05 — COMHAONTUITHE COMHPHÁIRTÍOCHTA MAIDIR LE HIASCAIGH INBHUANAITHE (SFPANNA) AGUS EAGRAÍOCHTAÍ RÉIGIÚNACHA BAINISTITHE IASCAIGH (ERBINNA)** *(Ar lean.)*

### 08 05 01 *Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta ag soithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tíortha*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 08 05 01 | 89 881 754 | 98 328 754 | 107 593 754 | 117 218 754 | 153 845 584,— | 153 597 212,24 |
| *Cúlchistí (30 02 02)* | *66 850 000* | *38 250 000* | *3 460 000* | *3 460 000* | | |
| IOMLÁN | 156 731 754 | 136 578 754 | 111 053 754 | 120 678 754 | 153 845 584,— | 153 597 212,24 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a eascraíonn as na comhaontuithe iascaigh a d’idirbheartaigh an tAontas nó a bhfuil sé ar intinn aige a athnuachan nó a ath-idirbheartú le tríú tíortha.

Ina theannta sin, féadfaidh an tAontas comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh nua a idirbheartú ar ghá iad a mhaoiniú faoin airteagal seo.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22), agus go háirithe Airteagal 31 de sin.

Rialacháin agus Cinntí maidir le tabhairt i gcrích comhaontuithe agus prótacal arna nglacadh maidir le hiascaigh idir an tAontas agus rialtais na dtíortha seo a leanas:

| Stádas (amhail ó Mheán Fómhair 2023) | Tír | Bunús dlí | Dáta | Iris Oifigiúil | Marthanacht |
|---|---|---|---|---|---|
| Comhaontuithe agus Prótacail arna gcur i bhfeidhm go sealadach nó i bhfeidhm (agus cúiteamh airgeadais dlite in 2024 a iontráiltear in Airteagal 08 05 01) | an Ghabúin | Cinneadh (AE) 2021/1116 | 28 Meitheamh 2021 | L 242, 8.7.2021 | 29.6.2021 go 28.6.2026 |
| | an Ghaimbia | Cinneadh (AE) 2020/392 | 5 Márta 2020 | L 75, 11.3.2020 | 31.7.2019 go 30.7.2025 |
| | an Ghraonlainn | Cinneadh (AE) 2021/793 | 26 Márta 2021 | L 175, 18.5.2021 | 22.4.2021 go 22.4.2025 |
| | Ciribeas | Decision(EU) 2023/2187 | 6 September 2023 | L 2023/2187, 18.10.2023 | 02.10.2023 go 01.10.2028 |
| | Madagascar | Cinneadh (AE) 2023/1476 | 26 Meitheamh 2023 | L 182, 19.07.2023 | 1 Iúil 2023 go 30.06.2027 |
| | an Mháratáin | Cinneadh (AE) 2021/2123 | 11 Samhain 2021 | L 439, 8.12.2021 | 16.11.2021 go 15.11.2026 |
| | Oileán Mhuirís | Cinneadh (AE) 2022/2585 | 8 Samhain 2022 | L 338, 30.12.2022 | 21.12.2022 go 20.12.2026 |
| | na Séiséil | Cinneadh (AE) 2020/272 | 20 Feabhra 2020 | L 60, 28.2.2020 | 24.02.2020 go 23.02.2026 |

**CAIBIDIL 08 05 — COMHAONTUITHE COMHPHÁIRTÍOCHTA MAIDIR LE HIASCAIGH INBHUANAITHE (SFPANNA) AGUS EAGRAÍOCHTAÍ RÉIGIÚNACHA BAINISTITHE IASCAIGH (ERBINNA)** *(Ar lean.)*

***08 05 01*** *(Ar lean.)*

| Stádas (amhail ó Mheán Fómhair 2023) | Tír | Bunús dlí | Dáta | Iris Oifigiúil | Marthanacht |
|---|---|---|---|---|---|
| Comhaontuithe agus Prótacail le hath-idirbheartú, arna n-idirbheartú cheana féin nó a bhfuil nós imeachta reachtach ar bun ina leith (cúiteamh airgeadais a iontráiltear in Airteagal 30 02 02) | Angóla | Comhaontú Nua | | | |
| | Cabo Verde | Cinneadh (AE) 2019/951 | 17 Bealtaine 2019 | L 154, 12.6.2019 | Ag dul in éag an 19.5.2024 |
| | Oileáin Cook | Cinneadh (AE) 2021/2277 | 11 Samhain 2021 | L 463, 28.12.2021 | Ag dul in éag an 16.12.2024 |
| | an Cósta Eabhair | Cinneadh (AE) 2019/385 | 4 Márta 2019 | L 70, 12.3.2019 | Ag dul in éag an 31.12.2024 |
| | Guine Bissau | Cinneadh (AE) 2019/1088 | 6 Meitheamh 2019 | L 173, 27.6.2019 | Ag dul in éag an 14.6.2024 |
| | An Ghuine (Guinée) | Cin-neadh 2009/473/CE | 22 December 2009 | L 348, 29.12.2009 | Éagtha |
| | an Libéir | Cinneadh (AE) 2016/1062 | 24 Bealtaine 2016 | L 177, 1.7.2016 | Éagtha |
| | Maracó | Cinneadh (AE) 2019/441 | 4 Márta 2019 | L 77, 20.3.2019 | Éagtha |
| | São Tomé agus Príncipe | Cinneadh (AE) 2019/2218 | 24 Deireadh Fómhair 2019 | L 333, 27.12.2019 | Ag dul in éag an 18.12.2024 |
| | an tSeineagáil | Cinneadh (AE) 2019/1925 | 14 Samhain 2019 | L 299, 20.11.2019 | Ag dul in éag an 17.11.2024 |

***08 05 02*** ***An fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn do bhainistiú iascaigh agus rialachas muirí i gcomhréir le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) (ranníocaíochtaí éigeantacha le comhlachtaí idirnáisiúnta)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 6 050 000 | 6 050 000 | 5 700 000 | 5 700 000 | 5 489 994,64 | 5 489 994,64 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar rannpháirtíocht ghníomhach an Aontais in eagraíochtaí iascaigh idirnáisiúnta atá freagrach as caomhnú fadtéarmach agus dúshaothrú inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh mhara. Baineann sé le ranníocaíochtaí éigeantacha, i measc cinn eile, leis na heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta eile seo a leanas:

— An Coimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha (CCAMLR),

**CAIBIDIL 08 05 — COMHAONTUITHE COMHPHÁIRTÍOCHTA MAIDIR LE HIASCAIGH INBHUANAITHE (SFPANNA) AGUS EAGRAÍOCHTAÍ RÉIGIÚNACHA BAINISTITHE IASCAIGH (ERBINNA)** *(Ar lean.)*

***08 05 02*** *(Ar lean.)*

— Eagraíocht um Chaomhnú Bradán san Atlantach Thuaidh (NASCO),

— An Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (ICCAT),

— An Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC),

— Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO),

— An Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC),

— An Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (GFCM),

— Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas (SEAFO),

— Comhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA),

— Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC),

— An Comhaontú maidir leis an gClár Idirnáisiúnta um Chaomhnú Deilfeanna (AIDCP),

— An Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha (IATTC),

— An Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO),

— An Coimisiún um an Tuinnín Gorm Deisceartach a Chaomhnú (CCSBT),

— An Coinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (CMS),

— An Coinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh (NPFC).

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go gcumhdófar ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis na comhlachtaí arna mbunú ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige ó 1982, go sonrach an tÚdarás Idirnáisiúnta um Ghrinneall na Farraige agus an Binse Idirnáisiúnta um Dhlí na Mara.

*Bunús dlí*

Rialachán (CEE) Uimh. 3179/78 ón gComhairle an 28 Nollaig 1978 maidir leis an gCoinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh ag an gComhphobal Eorpach Eacnamaíoch a thabhairt i gcrích (IO L 378, 30.12.1978, lch. 1).

Cinneadh 81/608/CEE ón gComhairle an 13 Iúil 1981 maidir leis an gCoinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh a thabhairt i gcrích (IO L 227, 12.8.1981, lch. 21).

Cinneadh 81/691/CEE ón gComhairle an 4 Meán Fómhair 1981 maidir leis an gCoinbhinsiún maidir le caomhnú beo-acmhainní muirí an Antartaigh a thabhairt i gcrích (IO L 252, 5.9.1981, lch. 26).

***08 05 02*** *(Ar lean.)*

Cinneadh 82/461 ón gComhairle an 24 Meitheamh 1982 maidir leis an gCoinbhinsiún maidir le caomhnú na speiceas imirceach ainmhithe fiáine a thabhairt i gcrích (IO L 210, 19.7.1982, lch. 10).

Cinneadh 82/886/CEE ón gComhairle an 13 Nollaig 1982 maidir leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú Bradán san Aigéan Atlantach Thuaidh a thabhairt i gcrích (IO L 378, 31.12.1982, lch. 24).

Cinneadh 86/238/CEE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh, arna leasú leis an bPrótacal atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún a síníodh i bPáras an 10 Iúil 1984 (IO L 162, 18.6.1986, lch. 33).

Cinneadh 95/399/CE ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 1995 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gComhaontú maidir leis an gCoimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh a bhunú (IO L 236, 5.10.1995, lch. 24).

Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle an 23 Márta 1998 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 agus Chomhaontú an 28 Iúil 1994 maidir le cur chun feidhme Chuid XI de (IO L 179, 23.6.1998, lch. 1).

Cinneadh 98/416/CE ón gComhairle an 16 Meitheamh 1998 maidir le haontachas an Chomhphobail Eorpaigh leis an gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (IO L 190, 4.7.1998, lch. 34).

Cinneadh 2002/738/CE ón gComhairle an 22 Iúil 2002 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin um chaomhnú agus um bainistiú acmhainní iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas (IO L 234, 31.8.2002, lch. 39).

Cinneadh 2005/75/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 2004 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún maidir le Stoic Éisc Mhórimirceacha san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú (IO L 32, 4.2.2005, lch. 1).

Cinneadh 2005/938/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2005 maidir le formheas a thabhairt thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Chomhaontú i dtaca leis an gClár Idirnáisiúnta um Chaomhnú Deilfeanna (IO L 348, 30.12.2005, lch. 26).

Cinneadh 2006/539/CE ón gComhairle an 22 Bealtaine 2006 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Choinbhinsiúin chun an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha a neartú arna bhunú le Coinbhinsiún 1949 idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Poblacht Chósta Ríce (IO L 224, 16.8.2006, lch. 22).

Cinneadh 2008/780/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Chomhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (IO L 268, 9.10.2008, lch. 27).

Cinneadh 2012/130/AE ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 2011 maidir le formheas, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Choinbhinsiúin um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Theas (IO L 67, 6.3.2012, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22), agus go háirithe Airteagal 29 agus Airteagal 30 de sin.

**CAIBIDIL 08 05 — COMHAONTUITHE COMHPHÁIRTÍOCHTA MAIDIR LE HIASCAIGH INBHUANAITHE (SFPANNA) AGUS EAGRAÍOCHTAÍ RÉIGIÚNACHA BAINISTITHE IASCAIGH (ERBINNA)** *(Ar lean.)*

***08 05 02*** *(Ar lean.)*

Cinneadh (AE) 2015/2437 ón gComhairle an 14 Nollaig 2015 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus an Coimisiún um an Tuinnín Gorm Deisceartach a Chaomhnú (CCSBT) maidir le ballraíocht an Aontais sa Choimisiún Méadaithe um Chaomhnú an Tuinnín Ghoirm Dheisceartaigh (IO L 336, 23.12.2015, lch. 27).

Cinneadh (AE) 2022/314 ón gComhairle an 15 Feabhra 2022 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh (IO L 55, 28.2.2022, lch. 12).

**CAIBIDIL 08 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 08 10 | GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE | | | | | | | | |
| ***08 10 01*** | ***An Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach*** | 3.2 | 29 853 878 | 29 853 878 | 29 535 287 | 29 535 287 | 28 738 870,— | 28 738 870,— | 96,27 |
| | **Caibidil 08 10 — IOMLÁN** | | **29 853 878** | **29 853 878** | **29 535 287** | **29 535 287** | **28 738 870,—** | **28 738 870,—** | **96,27** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar an caiteachas ar phearsanra agus ar riarachán na ngníomhaireachtaí díláraithe (Teideal 1 agus Teideal 2) agus, i gcás inarb infheidhme, caiteachas oibríochtúil a bhaineann leis an gclár oibre (Teideal 3).

Leagtar pleananna bunaíochta na ngníomhaireachtaí amach in Iarscríbhinn ‘Foireann’ a ghabhann leis an roinn seo.

Ní mór do na gníomhaireachtaí Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi aistrithe leithreasuithe idir caiteachas oibríochtúil agus riaracháin.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir leis na ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, tíortha is iarrthóirí ionchasacha sna Balcáin Thiar, nó tríú tíortha eile) do rannpháirtíocht i gcláir an Aontais, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha mar aon lena gcur chun feidhme faoin gcaibidil seo as suimeanna a aisíocadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1) agus as aon ioncam sannta eile a iontráiltear sa ráiteas ioncaim.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

### *08 10 01 An Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 29 853 878 | 29 853 878 | 29 535 287 | 29 535 287 | 28 738 870,— | 28 738 870,— |

**CAIBIDIL 08 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

***08 10 01*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas ar phearsanra, riarachán agus oibriú na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach. Is é misean na Gníomhaireachta é na caighdeáin choiteanna is airde a chur chun cinn do rialú, iniúchadh agus faireachas faoin gComhbheartas Iascaigh (CBI). Is é an príomhról atá aici comhordúchán agus comhar idir gníomhaíochtaí náisiúnta rialaithe agus iniúchta a eagrú ionas go n-urramaítear agus go gcuirtear i bhfeidhm rialacha CBI ar bhealach éifeachtach. Feidhmíonn an Ghníomhaireacht ról freisin sa chomhar Eorpach i leith feidhmeanna an gharda cósta.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 30 584 000 |
| *méid de sin arna theacht ó ghnóthú an bharrachais (Airteagal ioncaim 6 6 2)* | 730 122 |
| Méid arna iontráil sa bhuiséad | 29 853 878 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

Rialachán (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (IO L 83, 25.3.2019, lch. 18).

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh 2009/988/AE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2009 lena n-ainmnítear an Ghníomhaireacht Chomhphobail um Rialú ar Iascach mar an comhlacht chun cúraimí a dhéanamh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle (IO L 338, 19.12.2009, lch. 104).

Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna gcur ar bun faoin CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1).

Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2016/1139, (AE) 2017/2403 agus (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialú ar iascach (OJ L, 2023/2842, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/2023/2842/oj).

**CAIBIDIL 08 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, BEARTA ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 08 20 | TREOIRTHIONSCADAIL, BEARTA ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | | | | | | | | |
| ***08 20 01*** | ***Treoirthionscadail*** | 3.2 | 8 540 000 | 4 089 000 | 1 500 000 | 2 696 438 | 1 490 500,— | 2 592 071,75 | 63,39 |
| ***08 20 02*** | ***Bearta ullmhúcháin*** | 3.2 | p.m. | 699 595 | p.m. | 1 388 884 | 0,— | 2 438 477,55 | 348,56 |
| | **Caibidil 08 20 — IOMLÁN** | | **8 540 000** | **4 788 595** | **1 500 000** | **4 085 322** | **1 490 500,—** | **5 030 549,30** | **105,05** |

### *08 20 01 Treoirthionscadail*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 8 540 000 | 4 089 000 | 1 500 000 | 2 696 438 | 1 490 500,— | 2 592 071,75 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo cur chun feidhme treoirthionscadal a mhaoiniú, ar treoirthionscadail iad atá de chineál turgnamhach arna gceapadh chun tástáil a dhéanamh ar a indéanta agus ar a úsáidí atá gníomhaíochtaí.

Leagtar liosta na dtreoirthionscadal amach san Iarscríbhinn ‘Treoirthionscadail agus bearta ullmhúcháin’ a ghabhann leis an roinn seo, faoi Chaibidil PP 08.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 58(2), pointe (a), de.

### *08 20 02 Bearta ullmhúcháin*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 699 595 | p.m. | 1 388 884 | 0,— | 2 438 477,55 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 08 — BEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS MUIRÍ*

**CAIBIDIL 08 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, BEARTA ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***08 20 02*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo cur chun feidhme réamhbheart a mhaoiniú i raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Chonradh Euratom, arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn gníomhaíochtaí a ghlacadh amach anseo.

Leagtar liosta na réamhbheart amach san Iarscríbhinn 'Treoirthionscadail agus bearta ullmhúcháin' a ghabhann leis an roinn seo, faoi Chaibidil PA 08.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 58(2), pointe (b), de.

*TEIDEAL 09*

## AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

# TEIDEAL 09

# AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

**Achoimre ghinearálta ar leithreasuithe (2024 agus 2023) agus ar an olltoradh (2022)**

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 09 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE' | 25 774 734 | 25 774 734 | 25 786 341 | 25 786 341 | 21 997 990,97 | 21 997 990,97 |
| 09 02 | AN CLÁR DON CHOMHSHAOL AGUS DO GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE (LIFE) | 739 174 925 | 545 600 841 | 732 638 543 | 499 806 430 | 733 420 366,08 | 505 899 552,28 |
| 09 03 | AN CISTE UM AISTRIÚ CÓIR | 1 489 859 854 | 3 257 816 | 1 466 200 981 | 2 800 000 | 1 327 355 704,15 | 1 478 155,93 |
| 09 04 | SAORÁID IASACHTA DON EARNÁIL PHOIBLÍ FAOIN SÁSRA UM AISTRIÚ CÓIR (JTM) | 50 000 000 | 35 000 000 | 50 000 000 | p.m. | 0,— | 0,— |
| 09 10 | GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE | 60 215 333 | 60 215 333 | 56 665 820 | 56 665 820 | 54 147 639,— | 54 147 639,— |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | *7 386 591* | *7 386 591* | | | | |
| | | 67 601 924 | 67 601 924 | 56 665 820 | 56 665 820 | 54 147 639,— | 54 147 639,— |
| 09 20 | TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | 22 240 000 | 18 883 684 | 9 350 000 | 13 510 271 | 8 080 525,— | 8 504 069,91 |
| | **Teideal 09 — IOMLÁN** | **2 387 264 846** | **688 732 408** | **2 340 641 685** | **598 568 862** | **2 145 002 225,20** | **592 027 408,09** |
| | ***Cúlchistí (30 02 02)*** | ***7 386 591*** | ***7 386 591*** | | | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | **2 394 651 437** | **696 118 999** | **2 340 641 685** | **598 568 862** | **2 145 002 225,20** | **592 027 408,09** |

# TEIDEAL 09

# AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

**CAIBIDIL 09 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE'**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 09 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE' | | | | | |
| **09 01 01** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)*** | | | | | |
| 09 01 01 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) | 3.2 | 10 033 558 | 10 557 791 | 9 085 166,97 | 90,55 |
| 09 01 01 74 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol — Ranníocaíocht ón gClár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) | 3.2 | 15 741 176 | 15 228 550 | 12 912 824,— | 82,03 |
| | *Airteagal 09 01 01 — Fo-iomlán* | | 25 774 734 | 25 786 341 | 21 997 990,97 | 85,35 |
| **09 01 02** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste um Aistriú Cóir*** | 3.2 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **09 01 03** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh na saoráide iasachta don earnáil phoiblí, faoin Sásra um Aistriú Cóir*** | | | | | |
| 09 01 03 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh na saoráide iasachta don earnáil phoiblí, faoin Sásra um Aistriú Cóir | 3.2 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 09 01 03 74 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol — Ranníocaíocht ón tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir | 3.2 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 09 01 03 — Fo-iomlán* | | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Caibidil 09 01 — IOMLÁN** | | **25 774 734** | **25 786 341** | **21 997 990,97** | **85,35** |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 09 — AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE*

**CAIBIDIL 09 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE'** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar leo caiteachas de chineál riaracháin (amhail staidéir, cruinnithe saineolaithe, agus faisnéis agus foilseacháin) atá nasctha go díreach le cuspóirí na gclár nó na mbeart a thagann faoin mbraisle seo a bhaint amach, agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó leis an mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

***09 01 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)***

09 01 01 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 10 033 558 | 10 557 791 | 9 085 166,97 |

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc ar leibhéal na caibidle seo, tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar leis:

— forbairt, óstáil, cothabháil, slándáil, dearbhú cáilíochta, oibriú agus tacaíocht (crua-earraí, bogearraí agus seirbhísí) córais teicneolaíochta faisnéise (TF) a thacaíonn le cuspóirí beartais maidir le fuinneamh glan, leis an aeráid agus leis an gcomhshaol,

— rannpháirtíocht saineolaithe TF *intra muros* chun tacú le forbairt, cothabháil, dearbhú cáilíochta, tástáil agus slándáil córais TF a thacaíonn le beartas criticiúil,

— soláthar córais TF chorparáideacha agus réiteach riaracháin comhchoiteann agus réiteach a thacaíonn le beartas,

— soláthar cúnaimh theicniúil agus riaracháin a bhaineann le gníomhaíochtaí cumarsáide lena n-áirítear rannpháirtíocht saineolaithe *intra muros*.

Tá sé beartaithe leis freisin go dtacófar le himeachtaí idirnáisiúnta agus cruinnithe ardleibhéil a eagrú, le gníomhaíochtaí ar páirtí iontu an tAontas agus le hobair ullmhúcháin le haghaidh comhaontuithe idirnáisiúnta amach anseo maidir le hábhair a bhaineann leis an Aontas.

**CAIBIDIL 09 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE'** *(Ar lean.)*

***09 01 01*** *(Ar lean.)*

09 01 01 01 *(Ar lean.)*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 17 057 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 09 02.

09 01 01 74 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol — Ranníocaíocht ón gClár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 15 741 176 | 15 228 550 | 12 912 824,— |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, cuimsítear an ranníocaíocht chun go gcumhdófar caiteachas riaracháin ar fhoireann agus caiteachas oibríochtúil arna dhéanamh ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) de thoradh a rannpháirtíochta sa bhainistíocht ar an gClár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) agus de thoradh chríochnú na gclár a bhí ann roimhe.

Leagtar plean bunaíochta na Gníomhaireachta amach san Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 26 760 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 614/2007 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 185).

**CAIBIDIL 09 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE'** *(Ar lean.)*

***09 01 01*** *(Ar lean.)*

09 01 01 74 *(Ar lean.)*

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Féach Caibidil 09 02.

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2021) 947 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol d'fhonn na cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse an iompair agus an bhonneagair fuinnimh; taighde agus nuálaíocht um aeráid, fuinneamh agus soghluaisteacht; an comhshaol, an dúlra agus an bhithéagsúlacht; aistriú chuig teicneolaíochtaí ísealcharbóin; agus muirí agus iascaigh; lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais agus na leithreasuithe sin a eascraíonn as ioncam sannta seachtrach.

***09 01 02*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste um Aistriú Cóir***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an cúnamh teicniúil riaracháin dá bhforáiltear sna forálacha ábhartha de Rialachán (AE) 2021/1060. Féadfar é a úsáid chun na nithe seo a leanas a chumhdach go háirithe:

— caiteachas tacaíochta (costais ionadaíochta, oiliúint, cruinnithe, misin agus aistriúcháin);

— caiteachas ar fhoireann sheachtrach ag ceanncheathrú (foireann ar conradh, saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó foireann na gníomhaireachta), lena n-áirítear misean a bhaineann leis an bpearsanra seachtrach a mhaoinítear ón leithreasú sin.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| Fáltais ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh | 2 500 000 5 0 4 0 |

**CAIBIDIL 09 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE'** *(Ar lean.)*

***09 01 02*** *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 09 03.

***09 01 03 Caiteachas tacaíochta le haghaidh na saoráide iasachta don earnáil phoiblí, faoin Sásra um Aistriú Cóir***

09 01 03 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh na saoráide iasachta don earnáil phoiblí, faoin Sásra um Aistriú Cóir

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an cúnamh teicniúil riaracháin dá bhforáiltear sna forálacha ábhartha de Rialachán (AE) 2021/1229.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Tíortha eile | 2 187 000 | 6 2 1 2 |

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 09 04.

09 01 03 74 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol — Ranníocaíocht ón tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo cuimsítear an ranníocaíocht chun go gcumhdófar caiteachas riaracháin ar fhoireann agus caiteachas oibríochtúil arna dhéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) de thoradh a rannpháirtíochta i mbainistíocht na saoráide iasachta don earnáil phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir (JTM).

Leagtar plean bunaíochta na Gníomhaireachta amach san Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 09 — AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE*

**CAIBIDIL 09 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE'** *(Ar lean.)*

***09 01 03*** *(Ar lean.)*

09 01 03 74 *(Ar lean.)*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| Ioncam sannta eile | 1 913 000 6 2 1 2 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Féach Caibidil 09 04.

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2021) 947 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol d'fhonn na cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse an iompair agus an bhonneagair fuinnimh; taighde agus nuálaíocht um aeráid, fuinneamh agus soghluaisteacht; an comhshaol, an dúlra agus an bhithéagsúlacht; aistriú chuig teicneolaíochtaí ísealcharbóin; agus muirí agus iascaigh; lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais agus na leithreasuithe sin a eascraíonn as ioncam sannta seachtrach.

**CAIBIDIL 09 02 — AN CLÁR DON CHOMHSHAOL AGUS DO GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE (LIFE)**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 09 02 | AN CLÁR DON CHOMHSHAOL AGUS DO GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE (LIFE) | | | | | | | | |
| **09 02 01** | ***An dúlra agus an bhithéagsúlacht*** | 3.2 | 300 202 126 | 112 000 000 | 279 011 676 | 99 323 396 | 276 432 563,— | 97 154 771,66 | 86,75 |
| **09 02 02** | ***Geilleagar ciorclach agus cáilíocht saoil*** | 3.2 | 178 796 220 | 117 871 841 | 182 016 160 | 74 033 034 | 183 153 495,— | 55 956 540,23 | 47,47 |
| **09 02 03** | ***Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin*** | 3.2 | 125 679 608 | 65 000 000 | 128 608 139 | 48 625 000 | 135 386 059,08 | 49 065 127,67 | 75,48 |
| **09 02 04** | ***An t-aistriú chuig fuinneamh glan*** | 3.2 | 134 496 971 | 90 729 000 | 143 002 568 | 56 825 000 | 138 448 249,— | 42 665 084,07 | 47,02 |
| **09 02 99** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 09 02 99 01 | Cláir roimhe seo (roimh 2021) i réimse an chomhshaoil agus an ghníomhaithe ar son na haeráide (LIFE) a chur i gcrích | 3.2 | p.m. | 160 000 000 | p.m. | 221 000 000 | 0,— | 261 058 028,65 | 163,16 |
| | *Airteagal 09 02 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 160 000 000 | p.m. | 221 000 000 | 0,— | 261 058 028,65 | 163,16 |
| | **Caibidil 09 02 — IOMLÁN** | | **739 174 925** | **545 600 841** | **732 638 543** | **499 806 430** | **733 420 366,08** | **505 899 552,28** | **92,72** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí a chuireann leis an athrú i dtreo geilleagar glan ciorclach atá tíosach ar fhuinneamh, ísealcharbóin agus atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, lena n-áirítear an t-aistriú chuig fuinneamh glan, cáilíocht an chomhshaoil a chosaint agus a fheabhsú agus cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú.

Féadfar cistiúchán a sholáthar ó chlár LIFE in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, go háirithe deontais, duaiseanna agus soláthar. Féadfar maoiniúchán a sholáthar freisin leis i bhfoirm ionstraimí airgeadais mar chuid d'oibríochtaí measctha, a chuirfear chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/523.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó leis an mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

**CAIBIDIL 09 02 — AN CLÁR DON CHOMHSHAOL AGUS DO GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE (LIFE)** *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh.1293/2013 (IO L 172, 17.5.2021, lch. 53).

Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (IO L 114, 12.4.2022, lch. 22).

*Gníomhartha tagartha*

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún an 11 Nollaig 2019, An Comhaontú Glas don Eoraip (COM(2019) 640 final).

### **09 02 01** ***An dúlra agus an bhithéagsúlacht***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 300 202 126 | 112 000 000 | 279 011 676 | 99 323 396 | 276 432 563,— | 97 154 771,66 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a bhaineann leis an bhfochlár sonrach um an dúlra agus an bhithéagsúlacht a ghabhann leis an gclár LIFE.

Leis an leithreasú seo, tacófar le cur chun feidhme Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh agus Treoir 79/409/CEE ón gComhairle an 2 Aibreán 1979 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 103, 25.4.1979, lch. 1) agus Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7). Cumhdófar leis na gníomhaíochtaí an mhuirthimpeallacht agus an comhshaol talún araon.

Áirítear ann:

— teicnící, modhanna agus cuir chuige nuálacha a mhaoiniú chun cuspóirí reachtaíocht agus bheartas an Aontais maidir leis an dúlra agus leis an mbithéagsúlacht a bhaint amach, agus chun cur leis an mbonn eolais agus chun cuidiú le dea-chleachtas a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear trí thacú le líonra Natura 2000,

— forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas ábhartha an Aontais maidir le cuspóirí dúlra agus bithéagsúlachta, agus faireachán agus tuairisciú a dhéanamh orthu, agus caiteachas an Aontais a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a rianú, chomh maith le tacaíocht ghaolmhar. Áirítear leis freisin rialachas ar gach leibhéal a fheabhsú trí acmhainneachtaí gníomhaithe poiblí agus príobháideacha agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta i bhforbairt beartais maidir leis an dúlra agus leis an mbithéagsúlacht a fheabhsú,

**CAIBIDIL 09 02 — AN CLÁR DON CHOMHSHAOL AGUS DO GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE (LIFE)** *(Ar lean.)*

***09 02 01*** *(Ar lean.)*

— tacaíocht do ghníomhaíochtaí atá beartaithe chun an úsáid mhórscála a bhaintear as réitigh/cuir chuige rathúla a spreagadh chun reachtaíocht agus beartas ábhartha an Aontais maidir leis an dúlra agus leis an mbithéagsúlacht a chur chun feidhme trí bhíthin torthaí a mhacasamhlú, cuspóirí gaolmhara a chomhtháthú i mbeartais eile agus i gcleachtais san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, infheistíocht a shlógadh agus rochtain ar mhaoiniúchán a fheabhsú.

Leis an leithreasú seo, d'fhéadfaí maoiniúchán a sholáthar le haghaidh costais a bhaineann le cúnamh teicniúil chun tionscadail a roghnú, agus chun faireachán, meastóireacht agus iniúchadh a dhéanamh orthu, agus le haghaidh costais a bhaineann le tacaíocht do chumarsáid, do ghníomhaíochtaí TF, do cheardlanna, comhdhálacha agus cruinnithe, chomh maith le gníomhaíochtaí rialachais eile a eagrú (lena n-áirítear ag tacú le heagraíochtaí neamhrialtasacha trí dheontais oibriúcháin).

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 510 344 6 6 0 0 |

***09 02 02*** ***Geilleagar ciorclach agus cáilíocht saoil***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 178 796 220 | 117 871 841 | 182 016 160 | 74 033 034 | 183 153 495,— | 55 956 540,23 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a bhaineann leis an bhfochlár sonrach um an ngeilleagar ciorclach agus cáilíocht saoil a ghabhann leis an gclár LIFE.

Tá an fochlár sin ceaptha chun an t-aistriú i dtreo geilleagar atá inbhuanaithe, ciorclach, tíosach ar fhuinneamh agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a éascú agus chun cáilíocht an chomhshaoil a chosaint, a athbhunú agus a fheabhsú.

Tacaíonn sé le tionscadail lena ndírítear ar an gComhaontú Glas don Eoraip a sholáthar. Beidh na gníomhaíochtaí sin bainteach leis an athrú i dtreo geilleagar atá tíosach ar acmhainní, le bainistiú acmhainní nádúrtha, amhail aer, uisce agus talamh i dtreo na huaillmhéine maidir le truailliú nialasach a bhaint amach, le cur chun feidhme na reachtaíochta comhshaoil a neartú, chomh maith le dea-rialachas comhshaoil a chur chun cinn.

Áirítear ann:

— teicnící, modhanna agus cuir chuige nuálacha a mhaoiniú chun cuspóirí reachtaíocht agus bheartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol a bhaint amach agus chun cur leis an mbonn eolais agus chun cuidiú le dea-chleachtais a chur i bhfeidhm,

**CAIBIDIL 09 02 — AN CLÁR DON CHOMHSHAOL AGUS DO GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE (LIFE)** *(Ar lean.)*

**09 02 02** *(Ar lean.)*

— forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas ábhartha an Aontais maidir leis an gcomhshaol, agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear trí bhíthin rialachas ar gach leibhéal a fheabhsú, go háirithe trí bhíthin acmhainneachtaí gníomhaithe poiblí agus príobháideacha agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a fheabhsú,

— an tacaíocht do ghníomhaíochtaí atá beartaithe chun an úsáid mhórscála a bhaintear as réitigh theicniúla rathúla agus réitigh rathúla a bhaineann le beartas a spreagadh chun reachtaíocht agus beartas ábhartha an Aontais maidir leis an gcomhshaol a chur chun feidhme, trí bhíthin torthaí a mhacasamhlú, cuspóirí comhshaoil gaolmhara a chomhtháthú i mbeartais eile agus i gcleachtais san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, infheistíochtaí inbhuanaithe a shlógadh, agus rochtain ar mhaoiniúchán a fheabhsú.

Leis an leithreasú seo, d'fhéadfaí maoiniúchán a sholáthar le haghaidh costais a bhaineann le cúnamh teicniúil chun tionscadail a roghnú, agus chun faireachán, meastóireacht agus iniúchadh a dhéanamh orthu, agus le haghaidh costais a bhaineann leis an tacaíocht do chumarsáid, le gníomhaíochtaí TF, do cheardlanna, comhdhálacha agus cruinnithe, chomh maith le gníomhaíochtaí rialachais eile a eagrú (lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha a dtacaítear leo trí dheontais oibriúcháin).

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 303 954 6 6 0 0 |

**09 02 03** ***Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 125 679 608 | 65 000 000 | 128 608 139 | 48 625 000 | 135 386 059,08 | 49 065 127,67 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an fochlár sonrach um maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide de chuid an chláir LIFE.

Leis an leithreasú, tacaítear le gníomhaíochtaí lena ndírítear ar an gComhaontú Glas don Eoraip a sholáthar, go háirithe i réimsí an mhaolaithe ar an athrú aeráide (astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú), an oiriúnaithe don athrú aeráide (iarrachtaí maidir le díonadh ar an athrú aeráide, forbairt athléimneachta, cosc agus ullmhacht a neartú), chomh maith le dea-rialachas aeráide a chur chun cinn.

Áirítear ann:

— forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas ábhartha an Aontais maidir le gníomhú ar son na haeráide, agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear trí bhíthin rialachas ar gach leibhéal a fheabhsú, go háirithe trí bhíthin acmhainneachtaí gníomhaithe poiblí agus príobháideacha agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a fheabhsú,

— teicnící, modhanna agus cuir chuige nuálacha a mhaoiniú chun cuspóirí reachtaíocht agus bheartas an Aontais maidir le gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach, rud a chuireann leis an mbonn eolais agus a chuidíonn le dea-chleachtais a chur i bhfeidhm,

***09 02 03*** *(Ar lean.)*

— an tacaíocht d'aon ghníomhaíocht atá beartaithe chun an úsáid mhórscála a bhaintear as réitigh theicniúla rathúla agus réitigh rathúla a bhaineann le beartas a thionscnamh chun reachtaíocht agus beartas ábhartha an Aontais maidir le gníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme, trí bhíthin torthaí a mhacasamhlú, cuspóirí gaolmhara a chomhtháthú i mbeartais eile agus i gcleachtais san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, infheistíochtaí inbhuanaithe a shlógadh, agus rochtain ar mhaoiniúchán a fheabhsú.

Leis an leithreasú sin, d'fhéadfaí maoiniúchán a sholáthar le haghaidh costais a bhaineann le cúnamh teicniúil chun tionscadail a roghnú, agus chun faireachán, meastóireacht agus iniúchadh a dhéanamh orthu, agus le haghaidh costais a bhaineann leis an tacaíocht do chumarsáid, do ghníomhaíochtaí TF, do cheardlanna, comhdhálacha agus cruinnithe agus gníomhaíochtaí rialachais eile a eagrú (lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha a dtacaítear leo trí dheontais oibriúcháin).

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 213 655 6 6 0 0 |

***09 02 04*** ***An t-aistriú chuig fuinneamh glan***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 134 496 971 | 90 729 000 | 143 002 568 | 56 825 000 | 138 448 249,— | 42 665 084,07 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an fochlár sonrach um an t-aistriú chuig fuinneamh glan a ghabhann leis an gclár LIFE.

Tacaíonn sé le gníomhaíochtaí a mhaoiniú ag a bhfuil na cuspóirí sonracha a leanas:

— teicnící agus cuir chuige nuálacha a fhorbairt, a thaispeáint agus a chur chun cinn chun cuspóirí reachtaíocht agus bheartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol agus maidir le gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach, lena n-áirítear an t-aistriú chuig fuinneamh glan, agus chun cuidiú le dea-chleachtas a chur i bhfeidhm,

— tacú le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas ábhartha an Aontais, agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear rialachas a fheabhsú trí bhíthin acmhainneachtaí gníomhaithe poiblí agus príobháideacha agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a fheabhsú,

— an úsáid mhórscála a bhaintear as réitigh theicniúla rathúla agus réitigh rathúla a bhaineann le beartas a thionscnamh chun reachtaíocht agus beartas ábhartha an Aontais a chur chun feidhme trí bhíthin torthaí a mhacasamhlú, cuspóirí gaolmhara a chomhtháthú i mbeartais eile agus i gcleachtais san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, infheistíocht a shlógadh agus rochtain ar mhaoiniúchán a fheabhsú.

**CAIBIDIL 09 02 — AN CLÁR DON CHOMHSHAOL AGUS DO GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE (LIFE)** *(Ar lean.)*

***09 02 04*** *(Ar lean.)*

Leis an leithreasú seo, d'fhéadfaí maoiniúchán a sholáthar le haghaidh costais a bhaineann le cúnamh teicniúil chun tionscadail a roghnú, agus chun faireachán, meastóireacht agus iniúchadh a dhéanamh orthu, agus le haghaidh costais a bhaineann leis an tacaíocht do chumarsáid, do ghníomhaíochtaí TF, do cheardlanna, comhdhálacha agus cruinnithe agus gníomhaíochtaí rialachais eile a eagrú (lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha a dtacaítear leo trí dheontais oibriúcháin).

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 228 645 | 6 6 0 0 |

***09 02 99*** ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin airteagal seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanas atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

09 02 99 01 Cláir roimhe seo (roimh 2021) i réimse an chomhshaoil agus an ghníomhaithe ar son na haeráide (LIFE) a chur i gcrích

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 160 000 000 | p.m. | 221 000 000 | 0,— | 261 058 028,65 |

*Barúlacha*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 7 000 000 | 6 2 1 1 |

*Bunús dlí*

Treoir 79/409/CEE ón gComhairle an 2 Aibreán 1979 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 103, 25.4.1979, lch. 1).

Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

Cinneadh Uimh. 1600/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Iúil 2002 lena leagtar síos Séú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil an Chomhphobail (IO L 242, 10.9.2002, lch. 1).

**CAIBIDIL 09 02 — AN CLÁR DON CHOMHSHAOL AGUS DO GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE (LIFE)** *(Ar lean.)*

***09 02 99*** *(Ar lean.)*

09 02 99 01 *(Ar lean.)*

Rialachán (CE) Uimh. 614/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 maidir leis an Ionstraim Airgeadais don Chomhshaol (LIFE+) (IO L 149, 9.6.2007, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 614/2007 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 185).

Rialachán (AE) 2018/1475 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos creat dlíthiúil an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 agus Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE (IO L 250, 4.10.2018, lch. 1).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 09 — AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE*

**CAIBIDIL 09 03 — AN CISTE UM AISTRIÚ CÓIR**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 09 03 | AN CISTE UM AISTRIÚ CÓIR | | | | | | | | |
| **09 03 01** | ***An Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) – Caiteachas oibríochtúil*** | 3.2 | 1 485 636 745 | p.m. | 1 462 060 678 | p.m. | 1 323 331 309,— | 0,— | |
| **09 03 02** | ***An Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) – Cúnamh teicniúil oibríochtúil*** | 3.2 | 4 223 109 | 3 257 816 | 4 140 303 | 2 800 000 | 4 024 395,15 | 1 478 155,93 | 45,37 |
| | **Caibidil 09 03 — IOMLÁN** | | **1 489 859 854** | **3 257 816** | **1 466 200 981** | **2 800 000** | **1 327 355 704,15** | **1 478 155,93** | **45,37** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar tacaíocht ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) do chríocha a bhfuil dúshláin shocheacnamaíocha thromchúiseacha rompu agus iad ag aistriú i dtreo gheilleagar aeráidneodrach an Aontais faoi 2050.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó leis an mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

Ina theannta sin, agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/2094, is as ioncam sannta seachtrach de thoradh fáltas ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh arna iontráil sa ráiteas ioncaim a eascraíonn soláthar leithreasuithe do na cláir arna maoiniú faoin gCiste um Aistriú Cóir faoi Theidil 09 do mhéid iomlán EUR 10 868 467 855 i ngealltanais. Ní mór suimeanna den sórt sin a bheith geallta go dlíthiúil roimh dheireadh 2023 cé is moite den chaiteachas riaracháin a bhfuil na méideanna sonraithe ina leith sna nótaí tráchta buiséid ar na línte buiséid ábhartha faoin teideal sin.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 23).

Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

**CAIBIDIL 09 03 — AN CISTE UM AISTRIÚ CÓIR** *(Ar lean.)*

### *09 03 01 An Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) – Caiteachas oibríochtúil*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 1 485 636 745 | p.m. | 1 462 060 678 | p.m. | 1 323 331 309,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar tacaíocht ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) do chríocha a bhfuil dúshláin shocheacnamaíocha thromchúiseacha rompu agus iad ag aistriú i dtreo gheilleagar aeráidneodrach an Aontais faoi 2050 i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1056.

### *09 03 02 An Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) – Cúnamh teicniúil oibríochtúil*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 4 223 109 | 3 257 816 | 4 140 303 | 2 800 000 | 4 024 395,15 | 1 478 155,93 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an cúnamh teicniúil dá bhforáiltear sna forálacha ábhartha de Rialachán (AE) 2021/1060.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 09 — AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE*

**CAIBIDIL 09 04 — SAORÁID IASACHTA DON EARNÁIL PHOIBLÍ FAOIN SÁSRA UM AISTRIÚ CÓIR (JTM)**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 09 04 | SAORÁID IASACHTA DON EARNÁIL PHOIBLÍ FAOIN SÁSRA UM AISTRIÚ CÓIR (JTM) | | | | | | | | |
| ***09 04 01*** | ***Saoráid iasachta don earnáil phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir (JTM)*** | 3.2 | 50 000 000 | 35 000 000 | 50 000 000 | p.m. | 0,— | 0,— | |
| | **Caibidil 09 04 — IOMLÁN** | | **50 000 000** | **35 000 000** | **50 000 000** | **p.m.** | **0,—** | **0,—** | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar tacaíocht ón tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí, an tríú colún den Sásra um Aistriú Cóir (JTM). Tacóidh sí le hinfheistíochtaí poiblí, trí choinníollacha iasachtaithe fabhracha. Rachaidh na hinfheistíochtaí sin chun tairbhe na gcríoch is mó a ndéanfaidh an t-aistriú aeráide difríocht dhiúltach dóibh, arna sainaithint sna pleananna críochacha um aistriú cóir chun críocha an Chiste um Aistriú Cóir (CUAC).

Leagtar liosta na ngníomhaíochtaí ullmhúcháin amach san Iarscríbhinn 'Treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin' a ghabhann leis an roinn seo, faoi Chaibidil PA 10.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

*TEIDEAL 11*

**BAINISTIÚ TEORAINNEACHA**

# TEIDEAL 11

# BAINISTIÚ TEORAINNEACHA

**Achoimre ghinearálta ar leithreasuithe (2024 agus 2023) agus ar an olltoradh (2022)**

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 11 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'BAINISTIÚ TEORAINNEACHA' | 2 882 000 | 2 882 000 | 2 081 000 | 2 081 000 | 1 216 190,14 | 1 216 190,14 |
| 11 02 | AN CISTE UM BAINISTIÚ COMHTHÁITE TEORAINNEACHA (CBCT) — IONSTRAIM LE HAGHAIDH TACAÍOCHT AIRGEADAIS DON BHAINISTIÚ TEORAINNEACHA AGUS DON BHEARTAS VÍOSAÍ | 1 020 332 303 | 520 807 000 | 954 798 303 | 394 992 752 | 747 195 316,— | 630 027 052,85 |
| 11 03 | AN CISTE UM BAINISTIÚ COMHTHÁITE TEORAINNEACHA (CBCT) — IONSTRAIM LE HAGHAIDH TACAÍOCHT AIRGEADAIS DO THREALAMH RIALÚCHÁIN CUSTAIM | 143 691 000 | 156 649 000 | 140 872 000 | 71 698 570 | 138 111 000,— | 136 756 631,92 |
| 11 10 | GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE | 1 043 720 939 | 1 035 692 267 | 1 002 769 675 | 1 067 519 143 | 951 605 310,— | 928 473 177,— |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | *4 763 000* | *4 763 000* | | | | |
| | | 1 048 483 939 | 1 040 455 267 | 1 002 769 675 | 1 067 519 143 | 951 605 310,— | 928 473 177,— |
| | **Teideal 11 — IOMLÁN** | **2 210 626 242** | **1 716 030 267** | **2 100 520 978** | **1 536 291 465** | **1 838 127 816,14** | **1 696 473 051,91** |
| | ***Cúlchistí (30 02 02)*** | ***4 763 000*** | ***4 763 000*** | | | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | **2 215 389 242** | **1 720 793 267** | **2 100 520 978** | **1 536 291 465** | **1 838 127 816,14** | **1 696 473 051,91** |

# TEIDEAL 11

# BAINISTIÚ TEORAINNEACHA

## CAIBIDIL 11 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'BAINISTIÚ TEORAINNEACHA'

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 11 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'BAINISTIÚ TEORAINNEACHA' | | | | | |
| ***11 01 01*** | ***Caiteachas tacaíochta don Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha — Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí*** | 4 | 2 800 000 | 2 000 000 | 1 137 190,14 | 40,61 |
| ***11 01 02*** | ***Caiteachas tacaíochta don Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha — Ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim*** | 4 | 82 000 | 81 000 | 79 000,— | 96,34 |
| | **Caibidil 11 01 — IOMLÁN** | | **2 882 000** | **2 081 000** | **1 216 190,14** | **42,20** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas de chineál riaracháin (amhail staidéir, cruinnithe saineolaithe, agus faisnéis agus foilseacháin) atá nasctha go díreach le cuspóirí na gclár nó na mbeart a thagann faoin mbraisle sin a bhaint amach agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

### *11 01 01 Caiteachas tacaíochta don Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha — Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 800 000 | 2 000 000 | 1 137 190,14 |

***11 01 01*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdófar leis an leithreasú seo na bearta cúnaimh theicniúil arna gcistiú ag an ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais do Bhainistiú Teorainneacha agus do Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneachafaoi Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2021/1060.

Féadfar an leithreasú seo a úsáid chun na nithe seo a leanas a chumhdach go háirithe:

— caiteachas de chineál riaracháin (amhail staidéir, cruinnithe saineolaithe, agus faisnéis agus foilseacháin) atá nasctha go díreach le cuspóirí na hIonstraime nó na mbeart a thagann faoin mbraisle seo a bhaint amach, agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse ad hoc;

— caiteachas ar phearsanra seachtrach ag an gceanncheathrú (foireann ar conradh, saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó foireann na gníomhaireachta), lena n-áirítear misin a bhaineann leis an bpearsanra seachtrach a mhaoinítear faoin Airteagal sin.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 11 02.

***11 01 02*** ***Caiteachas tacaíochta don Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha — Ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 82 000 | 81 000 | 79 000,— |

*Barúlacha*

Le cois an chaiteachais ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil seo, tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar staidéir, TF (lena gcumhdaítear trealamh agus seirbhísí araon), cruinnithe saineolaithe, faisnéis, cumarsáid agus foilseacháin atá nasctha go díreach le cuspóirí na hionstraime um threalamh rialaithe custaim nó na mbeart a thagann faoin airteagal seo a bhaint amach, móide aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 11 03.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 11 — BAINISTIÚ TEORAINNEACHA*

**CAIBIDIL 11 02 — AN CISTE UM BAINISTIÚ COMHTHÁITE TEORAINNEACHA (CBCT) — IONSTRAIM LE HAGHAIDH TACAÍOCHT AIRGEADAIS DON BHAINISTIÚ TEORAINNEACHA AGUS DON BHEARTAS VÍOSAÍ**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 11 02 | AN CISTE UM BAINISTIÚ COMHTHÁITE TEORAINNEACHA (CBCT) — IONSTRAIM LE HAGHAIDH TACAÍOCHT AIRGEADAIS DON BHAINISTIÚ TEORAINNEACHA AGUS DON BHEARTAS VÍOSAÍ | | | | | | | | |
| ***11 02 01*** | ***An Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí*** | 4 | 1 020 332 303 | 418 807 000 | 954 798 303 | 278 992 752 | 747 195 316,— | 352 495 624,07 | 84,17 |
| ***11 02 99*** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a thabhairt i gcrích*** | | | | | | | | |
| 11 02 99 01 | Gníomhaíochtaí roimhe seo i réimse na dteorainneacha, na víosaí agus córas TF a thabhairt i gcrích (roimh 2021) | 4 | p.m. | 102 000 000 | p.m. | 116 000 000 | 0,— | 277 531 428,78 | 272,09 |
| | *Airteagal 11 02 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 102 000 000 | p.m. | 116 000 000 | 0,— | 277 531 428,78 | 272,09 |
| | **Caibidil 11 02 — IOMLÁN** | | **1 020 332 303** | **520 807 000** | **954 798 303** | **394 992 752** | **747 195 316,—** | **630 027 052,85** | **120,97** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar na gníomhaíochtaí a áiritheoidh bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip atá láidir éifeachtach ag na teorainneacha seachtracha agus a chosnóidh saorghluaiseacht na ndaoine laistigh díobh, i gcomhréir iomlán le gealltanais an Aontais maidir le cearta bunúsacha, agus a rannchuideoidh ar an gcaoi sin le leibhéal ard slándála san Aontas a ráthú.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) i ngeall ar a rannpháirtíocht i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, is ranníocaíochtaí iad a thionscnaíonn soláthar na leithreasuithe comhfhreagracha agus an cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

Rialachán (AE) 2021/1133 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 603/2013, (AE) 2016/794, (AE) 2018/1862, (AE) 2019/816 agus (AE) 2019/818 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise AE eile chun críocha an Chórais Faisnéise Víosaí (IO L 248, 13.7.2021, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críche an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú (IO L 248, 13.7.2021, lch. 11).

Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosa (IO L 251, 15.7.2021, lch. 48).

Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 (IO L 160, 15.6.2022, lch. 1).

Rialachán (AE) 2023/2667 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009 agus (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 693/2003 agus (CE) Uimh. 694/2003 ón gComhairle agus an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme, a mhéid a bhaineann le digitiú an nós imeachta víosa (IO L, 2023/2667, 7.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2667/oj).

Rialachán (AE) 2023/2685 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le digitiú an nós imeachta víosa (IO L, 2023/2685, 07.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/2023/2685/oj).

*Gníomhartha tagartha*

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a thíolaic an Coimisiún an 23 Meán Fómhair 2020, lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/817 – (COM(2020) 612 final).

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a thíolaic an Coimisiún an 13 Nollaig 2022, maidir le bailiú agus aistriú réamhaisnéise faoi phaisinéirí (API) chun rialuithe teorainneacha seachtracha a fheabhsú agus a éascú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/817 agus Rialachán (AE) 2018/1726, agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/82/CE ón gComhairle (COM(2022) 729 final).

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a thíolaic an Coimisiún an 13 Nollaig 2022, maidir le bailiú agus aistriú réamhaisnéise faoi phaisinéirí chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818 (COM(2022)731 final).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 11 — BAINISTIÚ TEORAINNEACHA*

**CAIBIDIL 11 02 — AN CISTE UM BAINISTIÚ COMHTHÁITE TEORAINNEACHA (CBCT) — IONSTRAIM LE HAGHAIDH TACAÍOCHT AIRGEADAIS DON BHAINISTIÚ TEORAINNEACHA AGUS DON BHEARTAS VÍOSAÍ** *(Ar lean.)*

### *11 02 01 An Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 1 020 332 303 | 418 807 000 | 954 798 303 | 278 992 752 | 747 195 316,— | 352 495 624,07 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go n-áiritheofar bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip atá láidir éifeachtach ag na teorainneacha seachtracha agus a chosnóidh saorghluaiseacht na ndaoine laistigh díobh, i gcomhréir iomlán le gealltanais an Aontais maidir le cearta bunúsacha, agus a rannchuideoidh ar an gcaoi sin le leibhéal ard slándála san Aontas a ráthú.

Ar dhóigh níos sonraí, ba cheart don ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí ('an Ionstraim') rannchuidiú le tacaíocht a thabhairt do bhainistiú comhtháite teorainneacha éifeachtach san Eoraip ag na teorainneacha seachtracha arna chur chun feidhme ag an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach mar fhreagracht chomhroinnte ar an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus ar na húdaráis náisiúnta atá freagrach as bainistiú teorainneacha, chun trasnuithe dlisteanacha ag teorainneacha a éascú, chun inimirce neamhdhlíthiúil agus coireacht trasteorann a chosc agus a bhrath agus chun bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar shreabha imirce, mar aon le tacaíocht a thabhairt don chomhbheartas víosaí chun taisteal dlisteanach a éascú agus chun rioscaí imirce agus slándála a chosc.

Leis an ionstraim, cur chun feidhme bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip, mar atá sainithe ag a chomhchodanna, cuirfear chun cinn é i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2019/1896: rialú teorann, cuardach agus tarrtháil le linn faireachas ar theorainneacha, anailís ar rioscaí agus comhar idir na Ballstáit (le tacaíocht agus comhordú ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta). Cuirfear chun cinn leis an ionstraim sin freisin comhar idirghníomhaireachta, comhar le tríú tíortha agus bearta teicniúla agus oibríochtúla i limistéar Schengen a bhaineann le rialú teorann agus atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar inimirce neamhdhlíthiúil agus chun dul i ngleic ar bhealach níos fearr le coireacht trasteorann agus úsáid a bhaint as teicneolaíocht úrscothach agus sásraí rialaithe cáilíochta agus dlúthpháirtíochta. Ina theannta sin, leis an ionstraim, cuirfear leis an bhfeabhsú ar éifeachtúlacht próiseála víosaí i dtéarmaí rioscaí a bhaineann le slándáil agus le himirce neamhrialta a bhrath agus a mheasúnú, agus nósanna imeachta maidir le víosaí do thaistealaithe *bona fide* a éascú. Leis an ionstraim, tacófar le digitiú próiseála víosaí a mbeidh sé de chuspóir aige go soláthrófar mearnósanna imeachta maidir le víosaí a bheidh slán agus furasta le húsáid ag cliaint chun tairbhe iarratasóirí ar víosaí agus consalachtaí araon.

### *11 02 99 Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a thabhairt i gcrích*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanais ó bhlianta roimhe seo atá fós le glanadh .

**CAIBIDIL 11 02 — AN CISTE UM BAINISTIÚ COMHTHÁITE TEORAINNEACHA (CBCT) — IONSTRAIM LE HAGHAIDH TACAÍOCHT AIRGEADAIS DON BHAINISTIÚ TEORAINNEACHA AGUS DON BHEARTAS VÍOSAÍ** *(Ar lean.)*

***11 02 99*** *(Ar lean.)*

11 02 99 01 Gníomhaíochtaí roimhe seo i réimse na dteorainneacha, na víosaí agus córas TF a thabhairt i gcrích (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 102 000 000 | p.m. | 116 000 000 | 0,— | 277 531 428,78 |

*Barúlacha*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| Ioncam sannta eile | 1 096 275 6 3 2 0 |

*Bunús dlí*

Cinneadh 2001/886/CGB ón gComhairle an 6 Nollaig 2001 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a fhorbairt (IO L 328, 13.12.2001, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 2424/2001 ón gComhairle an 6 Nollaig 2001 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a fhorbairt (IO L 328, 13.12.2001, lch. 4).

Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle an 8 Meitheamh 2004 lena mbunaítear an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) (IO L 213, 15.6.2004, lch. 5).

Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le rochtain ar an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) ag seirbhísí sna Ballstáit atá freagrach as deimhnithe cláraithe feithiclí a eisiúint (IO L 381, 28.12.2006, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid (IO L 381, 28.12.2006, lch. 4).

Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle an 12 Meitheamh 2007 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid (IO L 205, 7.8.2007, lch. 63).

Cinneadh Uimh. 574/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 lena mbunaítear an Ciste um Theorainneacha Seachtracha don tréimhse 2007 go 2013 mar chuid den chlár Ginearálta 'Dlúthpháirtíocht agus Bainistiú Sreabha Imirce' (IO L 144, 6.6.2007, lch. 22).

Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS) (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60).

**CAIBIDIL 11 02 — AN CISTE UM BAINISTIÚ COMHTHÁITE TEORAINNEACHA (CBCT) — IONSTRAIM LE HAGHAIDH TACAÍOCHT AIRGEADAIS DON BHAINISTIÚ TEORAINNEACHA AGUS DON BHEARTAS VÍOSAÍ** *(Ar lean.)*

***11 02 99*** *(Ar lean.)*

11 02 99 01 *(Ar lean.)*

Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le húdaráis ainmnithe na mBallstát agus Europol rochtain a fháil ar an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) chun é a cheadú chun cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú (IO L 218, 13.8.2008, lch. 129).

Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1).

Prótacal Uimh. 19 maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh (IO C 326, 26.10.2012, lch. 290).

Rialachán (AE) Uimh. 1272/2012 ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 maidir le hascnamh ón gCóras Faisnéise Schengen (SIS 1+) go dtí an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) (IO L 359, 29.12.2012, lch. 21).

Rialachán (AE) Uimh. 1273/2012 ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 maidir le hascnamh ón gCóras Faisnéise Schengen (SIS 1+) go dtí an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) (IO L 359, 29.12.2012, lch. 32).

Cúraimí is toradh ar na cumhachtaí sonracha arna sannadh chuig an gCoimisiún go díreach le hAirteagal 31 d'Ionstraim Aontachais Phoblacht na Cróite.

Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen (IO L 295, 6.11.2013, lch. 27).

Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na forálacha ginearálta maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus maidir leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht ghéarchéime (IO L 150, 20.5.2014, lch. 112).

Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 574/2007/CE (IO L 150, 20.5.2014, lch. 143).

Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20).

Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1).

**CAIBIDIL 11 02 — AN CISTE UM BAINISTIÚ COMHTHÁITE TEORAINNEACHA (CBCT) — IONSTRAIM LE HAGHAIDH TACAÍOCHT AIRGEADAIS DON BHAINISTIÚ TEORAINNEACHA AGUS DON BHEARTAS VÍOSAÍ** *(Ar lean.)*

***11 02 99*** *(Ar lean.)*

11 02 99 01 *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 99).

Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 312, 7.12.2018, lch. 1).

Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 (IO L 312, 7.12.2018, lch. 14).

Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (AE) 2016/399, Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240, Rialachán (AE) 2018/1726 agus Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2004/512/CE agus Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle (IO L 135, 22.5.2019, lch. 27).

Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, Rialachán (AE) 2018/1862 agus Rialachán (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85).

Rialachán (AE) 2019/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le líonra Eorpach oifigeach idirchaidrimh inimirce a chruthú (IO L 198, 25.7.2019, lch. 88).

Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1).

Rialachán (AE) 2022/585 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 514/2014 lena leagtar síos na forálacha ginearálta maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus maidir leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht géarchéime, (AE) Uimh. 516/2014 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus (AE) 2021/1147 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (IO L 112, 11.4.2022, lch. 1).

**CAIBIDIL 11 02 — AN CISTE UM BAINISTIÚ COMHTHÁITE TEORAINNEACHA (CBCT) — IONSTRAIM LE HAGHAIDH TACAÍOCHT AIRGEADAIS DON BHAINISTIÚ TEORAINNEACHA AGUS DON BHEARTAS VÍOSAÍ** *(Ar lean.)*

***11 02 99*** *(Ar lean.)*

11 02 99 01 *(Ar lean.)*

*Gníomhartha tagartha*

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2005 lena mbunaítear clár réime um Dhlúthpháirtíocht agus um Bainistiú Sreabha Imirce le haghaidh na tréimhse 2007-2013 (COM(2005) 123 final).

Cinneadh 2007/599/CE ón gCoimisiún an 27 Lúnasa 2007 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh Uimh. 574/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le treoirlínte straitéiseacha a ghlacadh don tréimhse 2007 go 2013 (IO L 233, 5.9.2007, lch. 3).

Cinneadh 2008/456/CE ón gCoimisiún an 5 Márta 2008 lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Chinneadh Uimh. 574/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste um Theorainneacha Seachtracha don tréimhse 2007 go 2013 mar chuid den chlár Ginearálta 'Dlúthpháirtíocht agus Bainistiú Sreabha Imirce' a mhéid a bhaineann le córais bainistithe agus rialaithe na mBallstát, leis na rialacha maidir le bainistíocht riaracháin agus airgeadais agus le hincháilitheacht caiteachais ar thionscadail arna gcómhaoiniú ag an gCiste (IO L 167, 27.6.2008, lch. 1).

Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí don tréimhse 2014 go 2020, arna shíniú an 5 Nollaig 2016 (IO L 7, 12.1.2017, lch. 4).

Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí don tréimhse 2014 go 2020, arna shíniú an 8 Nollaig 2016 (IO L 75, 21.3.2017, lch. 3).

Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, don tréimhse 2014 go 2020, arna shíniú an 2 Márta 2018 (IO L 72, 15.3.2018, lch. 3).

Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, don tréimhse 2014 go 2020, arna shíniú an 15 Márta 2018 (IO L 165, 2.7.2018, lch. 3).

**CAIBIDIL 11 03 — AN CISTE UM BAINISTIÚ COMHTHÁITE TEORAINNEACHA (CBCT) — IONSTRAIM LE HAGHAIDH TACAÍOCHT AIRGEADAIS DO THREALAMH RIALÚCHÁIN CUSTAIM**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 11 03 | AN CISTE UM BAINISTIÚ COMHTHÁITE TEORAINNEACHA (CBCT) — IONSTRAIM LE HAGHAIDH TACAÍOCHT AIRGEADAIS DO THREALAMH RIALÚCHÁIN CUSTAIM | | | | | | | | |
| ***11 03 01*** | ***Ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim*** | 4 | 143 691 000 | 156 649 000 | 140 872 000 | 71 698 570 | 138 111 000,— | 136 756 631,92 | 87,30 |
| | **Caibidil 11 03 — IOMLÁN** | | **143 691 000** | **156 649 000** | **140 872 000** | **71 698 570** | **138 111 000,—** | **136 756 631,92** | **87,30** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar an tacaíocht airgeadais do threalamh rialúcháin custaim chun tacaíocht a thabhairt don aontas custaim agus d'údaráis chustaim chun leasanna airgeadais agus eacnamaíocha an Aontais agus a Bhallstát a chosaint, chun slándáil agus sábháilteacht a áirithiú laistigh den Aontas agus an tAontas a chosaint ar thrádáil éagórach agus neamhdhleathach, agus gníomhaíocht ghnó dhlisteanach á héascú sa tráth céanna. Rannchuidíonn an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialúcháin custaim le rialuithe custaim atá leordhóthanach agus coibhéiseach trí threalamh rialúcháin custaim atá ábhartha, úrscothach agus iontaofa a cheannach, a choinneáil ar bun agus a uasghrádú.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) i ngeall ar a rannpháirtíocht i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, is ranníocaíochtaí iad a thionscnaíonn soláthar na leithreasuithe comhfhreagracha agus an cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/1077 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim (IO L 234, 2.7.2021, lch. 1).

***11 03 01 Ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 143 691 000 | 156 649 000 | 140 872 000 | 71 698 570 | 138 111 000,— | 136 756 631,92 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 11 — BAINISTIÚ TEORAINNEACHA*

**CAIBIDIL 11 03 — AN CISTE UM BAINISTIÚ COMHTHÁITE TEORAINNEACHA (CBCT) — IONSTRAIM LE HAGHAIDH TACAÍOCHT AIRGEADAIS DO THREALAMH RIALÚCHÁIN CUSTAIM** *(Ar lean.)*

***11 03 01*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar trealamh rialaithe custaim a cheannach, a choinneáil ar bun agus a uasghrádú, ar trealamh rialaithe custaim é a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na críocha rialaithe custaim seo a leanas aige,:

— cigireacht neamhchunórach,

— léiriú ar nithe folaithe ar dhaoine,

— radaíocht a bhrath agus núiclídí a shainaithint,

— anailís ar shamplaí i saotharlanna,

— sampláil agus anailís allamuigh ar shamplaí,

— cuardach le gléas láimhe.

Féadfar a chumhdach freisin leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim (an 'Ionstraim') trealamh rialaithe custaim a cheannach, a choinneáil ar bun agus a uasghrádú le haghaidh tástáil ar phíosaí nua nó ar fheidhmiúlachtaí nua i ndálaí oibríochtúla. Féadfar a chumhdach freisin leis an ionstraim costais ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta, meastóireachta agus costais gníomhaíochtaí eile a bhaineann le bainistíocht na hionstraime agus le meastóireacht a dhéanamh ar bhaint amach chuspóirí na hionstraime.

Ina theannta sin, féadfar a chumhdach leis costais a bhaineann le staidéir, cruinnithe saineolaithe agus gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, a fhad a bhaineann siad sin le cuspóirí na hionstraime, mar aon le costais a bhaineann le líonraí teicneolaíochta faisnéise arb é is fócas dóibh próiseáil agus malartú faisnéise, lena n-áirítear uirlisí teicneolaíochta faisnéise corparáideacha agus cúnamh teicniúil agus riaracháin a bhfuil gá leo i ndáil le bainistíocht na hionstraime.

**CAIBIDIL 11 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 11 10 | GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE | | | | | | | | |
| ***11 10 01*** | ***An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)*** | 4 | 809 329 442 | 809 329 442 | 743 614 137 | 743 614 137 | 635 575 425,— | 635 575 425,— | 78,53 |
| ***11 10 02*** | ***Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)*** | 4 | 234 391 497 | 226 362 825 | 259 155 538 | 323 905 006 | 316 029 885,— | 292 897 752,— | 129,39 |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | | 4 763 000 | 4 763 000 | | | | | |
| | | | 239 154 497 | 231 125 825 | 259 155 538 | 323 905 006 | 316 029 885,— | 292 897 752,— | |
| | **Caibidil 11 10 — IOMLÁN** | | **1 043 720 939** | **1 035 692 267** | **1 002 769 675** | **1 067 519 143** | **951 605 310,—** | **928 473 177,—** | **89,65** |
| | ***Cúlchistí (30 02 02)*** | | ***4 763 000*** | ***4 763 000*** | | | | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | | **1 048 483 939** | **1 040 455 267** | **1 002 769 675** | **1 067 519 143** | **951 605 310,—** | **928 473 177,—** | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas riaracháin agus foirne na ngníomhaireachtaí díláraithe (Teideal 1 agus Teideal 2) agus, i gcás inarb infheidhme, caiteachas oibríochtúil a bhaineann leis an gclár oibre (Teideal 3).

Leagtar pleananna bunaíochta na ngníomhaireachtaí díláraithe amach in Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

Ní mór do na gníomhaireachtaí díláraithe Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi aistrithe leithreasuithe idir caiteachas oibríochtúil agus riaracháin.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) i ngeall ar a rannpháirtíocht i gcláir de chuid an Aontais, méideanna a aisíocadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, is ranníocaíochtaí iad a thionscnaíonn soláthar na leithreasuithe comhfhreagracha agus an cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

**CAIBIDIL 11 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

***11 10 01 An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 809 329 442 | 809 329 442 | 743 614 137 | 743 614 137 | 635 575 425,— | 635 575 425,— |

*Barúlacha*

Is éard a dhéanann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) bainistiú teorainneacha a chur chun cinn, a chomhordú agus a fhorbairt i gcomhréir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le coincheap an bhainistithe chomhtháite teorainneacha. Is iad príomhchúraimí Frontex comhar idir na Ballstáit i mbainistiú teorainneacha seachtracha a chomhordú, cúnamh a thabhairt do na Ballstáit maidir le hoiliúint a chur ar ghardaí teorann náisiúnta, anailísí riosca a dhéanamh agus taighde atá ábhartha do rialú agus d'fhaireachas ar theorainneacha seachtracha a leanúint. Ina theannta sin, cuidíonn Frontex le Ballstáit a bhfuil cúnamh teicniúil agus oibríochtúil ag teorainneacha seachtracha de dhíth orthu agus soláthraíonn sé an tacaíocht riachtanach do na Ballstáit chun oibríochtaí comhpháirteacha fillte a eagrú.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 858 873 136 |
| *an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais* | 49 543 694 |
| An méid arna iontráil sa bhuiséad | 809 329 442 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 694/2003 ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 maidir le formáidí aonfhoirmeacha le haghaidh Doiciméad Idirthurais Éascaithe (FTD) agus Doiciméad Idirthurais Iarnróid Éascaithe (FRTD) dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 (IO L 99, 17.4.2003, lch. 15).

Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 maidir le caighdeáin do ghnéithe slándála agus do bhithmhéadracht i bpasanna agus i ndoiciméid taistil arna n-eisiúint ag Ballstáit (IO L 385, 29.12.2004, lch. 1).

Prótacal Uimh. 19 maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh (IO C 326, 26.10.2012, lch. 290).

Rialachán (AE) Uimh. 656/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear rialacha i gcomhair faireachais ar na teorainneacha farraige seachtracha i gcomhthéacs comhair oibríochtúil a chomhordaíonn an Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (IO L 189, 27.6.2014, lch. 93).

Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).

Rialachán (AE) 2017/1370 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach do víosaí (IO L 198, 28.7.2017, lch. 24).

**CAIBIDIL 11 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

***11 10 01*** *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) 2017/1954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach do cheadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tír (IO L 286, 1.11.2017, lch. 9).

Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1).

Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna mbunú faoin CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1).

Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (AE) 2016/399, Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240, Rialachán (AE) 2018/1726 agus Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2004/512/CE agus Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle (IO L 135, 22.5.2019, lch. 27).

Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, Rialachán (AE) 2018/1862 agus Rialachán (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85).

Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1).

Rialachán (AE) 2020/493 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta 2020 maidir leis an gcóras do Dhoiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla ar Líne (FADO) agus lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/700/CGB ón gComhairle (IO L 107, 6.4.2020, lch. 1).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1567 ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an tacaíocht airgeadais d'fhorbairt bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 61 de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 358, 28.10.2020, lch. 59).

Rialachán (AE) 2021/1133 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 603/2013, (AE) 2016/794, (AE) 2018/1862, (AE) 2019/816 agus (AE) 2019/818 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise AE eile chun críocha an Chórais Faisnéise Víosaí (IO L 248, 13.7.2021, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críche an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú (IO L 248, 13.7.2021, lch. 11).

**CAIBIDIL 11 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

### *11 10 02 Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 11 10 02 | 234 391 497 | 226 362 825 | 259 155 538 | 323 905 006 | 316 029 885,— | 292 897 752,— |
| *Cúlchistí (30 02 02)* | *4 763 000* | *4 763 000* | | | | |
| IOMLÁN | 239 154 497 | 231 125 825 | 259 155 538 | 323 905 006 | 316 029 885,— | 292 897 752,— |

*Barúlacha*

Soláthraíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) réiteach fadtéarmach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF, ar uirlisí fíor-riachtanacha iad i gcur chun feidhme bheartais an Aontais maidir le tearmann, maidir le bainistiú teorainneacha agus maidir le beartais imirce an Aontais.

Tá eu-LISA freagrach as bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar Chóras Faisnéise Schengen (SIS II), an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) agus Eurodac. Tá eu-LISA freagrach freisin as ullmhú, forbairt agus bainistiú oibríochtúil an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES), DubliNet, agus an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus an Chórais Faisnéise Eorpaigh um Thaifid Choiriúla - Náisiúnaigh Tríú Tír (ECRIS-TCN), Cumarsáide r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí Ar Líne (e-CODEX).Tá eu-LISA freagrach freisin as ailtireacht na faisnéise nua maidir le bainistiú teorainneacha agus slándáil inmheánach an Aontais, lena n-áirithítear idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais ar mhórscála agus lena bhfeabhsaítear malartú tráthúil, éifeachtúil agus cuimsitheach faisnéise leis na húdaráis náisiúnta agus le húdaráis an Aontais.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 265 436 164 |
| *an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais* | 26 281 667 |
| An méid arna iontráil sa bhuiséad | 239 154 497 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2003 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 343/2003 ón gComhairle lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann a taisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír (IO L 222, 5.9.2003, lch. 3).

Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Ballstáit (Rialachán VIS) (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60).

**CAIBIDIL 11 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

***11 10 02*** *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le bunú ‘Eurodac’ chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát agus maidir le hiarrataí ó údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórscála sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (IO L 180, 29.6.2013, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna chlárú i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO L 180, 29.6.2013, lch. 31).

Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20).

Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1).

Rialachán (AE) 2018/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794 chun Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) a bhunú (IO L 236, 19.9.2018, lch. 72).

Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 99).

Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 312, 7.12.2018, lch. 1).

Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 (IO L 312, 7.12.2018, lch. 14).

Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

**CAIBIDIL 11 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

***11 10 02*** *(Ar lean.)*

Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna mbunú faoin CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1).

Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 1).

Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (AE) 2016/399, Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240, Rialachán (AE) 2018/1726 agus Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2004/512/CE agus Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle (IO L 135, 22.5.2019, lch. 27).

Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, Rialachán (AE) 2018/1862 agus Rialachán (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85).

Rialachán (AE) 2021/1133 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 603/2013, (AE) 2016/794, (AE) 2018/1862, (AE) 2019/816 agus (AE) 2019/818 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise AE eile chun críocha an Chórais Faisnéise Víosaí (IO L 248, 13.7.2021, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críche an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú (IO L 248, 13.7.2021, lch. 11).

Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 150, 1.6.2022, lch. 1).

Rialachán (AE) 2022/1190 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1862 a mhéid a bhaineann le foláirimh faisnéise a iontráil i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) maidir le náisiúnaigh tríú tír chun leas an Aontais (IO L 185, 12.7.2022, lch. 1).

Rialachán (AE) 2023/969 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear ardán comhoibrithe chun tacú le feidhmiú na bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 132, 17.5.2023, lch. 1).

Rialachán (AE) 2023/2667 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009 agus (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 693/2003 agus (CE) Uimh. 694/2003 ón gComhairle agus an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme, a mhéid a bhaineann le digitiú an nós imeachta víosa (IO L, 2023/2667, 7.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2667/oj).

**CAIBIDIL 11 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

***11 10 02*** *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) 2023/2685 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le digitiú an nós imeachta víosa (IO L, 2023/2685, 7.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/2023/2685/oj).

*Gníomhartha tagartha*

Togra leasaithe le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a thíolaic an Coimisiún an 23 Meán Fómhair 2020, maidir le bunú 'Eurodac' chun sonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid le chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce] agus Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir le hAthlonnú] agus ar mhaithe le náisiúnach tríú tír nó duine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach sa stát a shainaithint, agus maidir le hiarrataí ó údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus iarrataí ó Europol ar chomparáidí a dhéanamh le sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/818 (COM(2020) 614 final).

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a thíolaic an Coimisiún an 8 Nollaig 2021, maidir le malartú sonraí uathoibrithe le haghaidh comhar póilíneachta ('Prüm II'), lena leasaítear Cinntí 2008/615/CGB agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2018/1726, 2019/817 agus 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM(2021) 784 final).

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a thíolaic an Coimisiún an 13 Nollaig 2022, maidir le bailiú agus aistriú réamhaisnéise faoi phaisinéirí (API) chun rialuithe teorainneacha seachtracha a fheabhsú agus a éascú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/817 agus Rialachán (AE) 2018/1726, agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/82/CE ón gComhairle (COM(2022) 729 final).

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna thíolacadh an 13 Nollaig 2022, maidir le bailiú agus aistriú réamhaisnéise faoi phaisinéirí chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818 (COM(2022) 731 final).

*TEIDEAL 12*

**SLÁNDÁIL**

# TEIDEAL 12

# SLÁNDÁIL

**Achoimre ghinearálta ar leithreasuithe (2024 agus 2023) agus ar an olltoradh (2022)**

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 12 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN TSLÁNDÁIL' | 4 854 000 | 4 854 000 | 4 806 000 | 4 806 000 | 3 812 000,— | 3 812 000,— |
| 12 02 | AN CISTE SLÁNDÁLA INMHEÁNAÍ (ISF) | 319 435 754 | 235 130 000 | 307 407 754 | 193 020 000 | 249 181 639,— | 192 305 314,15 |
| 12 03 | DÍCHOIMISIÚNÚ NÚICLÉACH LE HAGHAIDH NA LIOTUÁINE | 74 600 000 | 151 940 000 | 68 800 000 | 60 000 000 | 98 900 000,— | 37 197 845,69 |
| 12 04 | AN TSÁBHÁILTEACHT NÚICLÉACH AGUS DÍCHOIMISIÚNÚ SAORÁIDÍ NÚICLÉACHA, LENA NÁIRÍTEAR LE HAGHAIDH NA BULGÁIRE AGUS NA SLÓVAICE | 59 920 124 | 69 360 000 | 54 883 458 | 50 800 000 | 41 619 511,75 | 38 245 753,93 |
| 12 10 | GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE | 249 098 541 | 249 098 541 | 230 411 952 | 230 411 952 | 216 642 185,— | 216 642 185,— |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | *2 041 000* | *2 041 000* | | | | |
| | | 251 139 541 | 251 139 541 | 230 411 952 | 230 411 952 | 216 642 185,— | 216 642 185,— |
| 12 20 | TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | 22 861 758 | 21 934 794 | 22 413 664 | 20 000 000 | 21 833 432,34 | 18 113 354,88 |
| | **Teideal 12 — IOMLÁN** | **730 770 177** | **732 317 335** | **688 722 828** | **559 037 952** | **631 988 768,09** | **506 316 453,65** |
| | ***Cúlchistí (30 02 02)*** | ***2 041 000*** | ***2 041 000*** | | | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | **732 811 177** | **734 358 335** | **688 722 828** | **559 037 952** | **631 988 768,09** | **506 316 453,65** |

# TEIDEAL 12

# SLÁNDÁIL

## CAIBIDIL 12 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN TSLÁNDÁIL'

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 12 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN TSLÁNDÁIL' | | | | | |
| ***12 01 01*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste Slándála Inmheánaí (ISF)*** | 5 | 2 450 000 | 2 450 000 | 1 502 000,— | 61,31 |
| ***12 01 02*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an díchoimisiúnaithe núicléach i gcomhair na Liotuáine*** | 5 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***12 01 03*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh na sábháilteachta núicléiche agus an díchoimisiúnaithe núicléach, lena n-áirítear le haghaidh na Bulgáire agus na Slóvaice*** | 5 | 2 404 000 | 2 356 000 | 2 310 000,— | 96,09 |
| | **Caibidil 12 01 — IOMLÁN** | | **4 854 000** | **4 806 000** | **3 812 000,—** | **78,53** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas riaracháin (amhail staidéir, cruinnithe saineolaithe, agus faisnéis agus foilseacháin) ag a bhfuil nasc díreach le cuspóirí na gclár nó na mbeart faoin mbraisle seo a bhaint amach, sin agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, is nithe iad as a n-eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha agus cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

### *12 01 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste Slándála Inmheánaí (ISF)*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 450 000 | 2 450 000 | 1 502 000,— |

**CAIBIDIL 12 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN TSLÁNDÁIL'** *(Ar lean.)*

***12 01 01*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar bearta cúnaimh theicniúil arna maoiniú ag ISF faoi Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2021/1060.

Féadfar an leithreasú seo a úsáid chun na nithe seo a leanas a chumhdach go háirithe:

— tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas de chineál riaracháin (amhail staidéir, cruinnithe saineolaithe, agus faisnéis agus foilseacháin) atá nasctha go díreach le cuspóirí na gclár nó na mbeart a thagann faoin mbraisle seo a bhaint amach, agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse ad hoc,

— caiteachas ar phearsanra seachtrach ag an gceanncheathrú (foireann ar conradh, saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó foireann na gníomhaireachta), lena n-áirítear misin a bhaineann leis an bpearsanra seachtrach a mhaoinítear faoin airteagal sin.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 12 02.

***12 01 02*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an díchoimisiúnaithe núicléach i gcomhair na Liotuáine***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar staidéir agus ar chruinnithe saineolaithe atá nasctha go díreach le cuspóir an chláir nó na mbeart faoin airteagal seo a bhaint amach, sin agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 12 03.

***12 01 03*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh na sábháilteachta núicléiche agus an díchoimisiúnaithe núicléach, lena n-áirítear le haghaidh na Bulgáire agus na Slóvaice***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 404 000 | 2 356 000 | 2 310 000,— |

**CAIBIDIL 12 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN TSLÁNDÁIL'** *(Ar lean.)*

***12 01 03*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo na speansais athfhillteacha seo a leanas a mhaoiniú:

— caiteachas a bhaineann le seirbhísí is gá chun go gcomhlíonfar na ceanglais dlí maidir leis na saoráidí núicléacha de chuid an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde atá á ndíchoimisiúnú; áirítear leis sin:

  — speansais a bhaineann le seirbhísí bonneagair láithreáin a sholáthar: seirbhísí ginearálta bonneagair an láithreáin a sholáthar, amhail cumarsáid, soláthar uisce, teas agus leictreachas, agus an tacaíocht inniúlachta is gá a sholáthar in imthosca eisceachtúla,

  — speansais a bhaineann le seirbhísí sábháilteachta agus slándála a sholáthar: seirbhísí slándála, seirbhísí a bhaineann leis an mbriogáid dóiteáin agus le cosc dóiteán, saineolas a sholáthar maidir le cosaint ar an radaíocht, etc.,

— seirbhísí TF a sholáthar le haghaidh chlár an díchoimisiúnaithe, amhail córais faisnéise a fhorbairt; deasc chabhrach agus cúnamh le haghaidh úsáideoirí, crua-earraí agus bogearraí, etc.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 12 04.

**CAIBIDIL 12 02 — AN CISTE SLÁNDÁLA INMHEÁNAÍ (ISF)**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 12 02 | AN CISTE SLÁNDÁLA INMHEÁNAÍ (ISF) | | | | | | | | |
| ***12 02 01*** | ***An Ciste Slándála Inmheánaí (ISF)*** | 5 | 319 435 754 | 182 130 000 | 307 407 754 | 136 020 000 | 249 181 639,— | 107 328 439,69 | 58,93 |
| ***12 02 99*** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 12 02 99 01 | Gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích i réimsí an bheartais slándála agus an bheartais maidir le drugaí (roimh 2021) | 5 | p.m. | 53 000 000 | p.m. | 57 000 000 | 0,— | 84 976 874,46 | 160,33 |
| | *Airteagal 12 02 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 53 000 000 | p.m. | 57 000 000 | 0,— | 84 976 874,46 | 160,33 |
| | **Caibidil 12 02 — IOMLÁN** | | **319 435 754** | **235 130 000** | **307 407 754** | **193 020 000** | **249 181 639,—** | **192 305 314,15** | **81,79** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí lena rannchuideofar le hardleibhéal slándála san Aontas a áirithiú, go háirithe tríd an sceimhlitheoireacht agus an radacú, an choireacht thromchúiseach agus eagraithe agus an chibearchoireacht a chomhrac agus trí chúnamh a thabhairt d'íospartaigh na coireachta agus iad a chosaint.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, is nithe iad as a n-eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha agus cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

Rialachán (AE) 2021/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí (IO L 251, 15.7.2021, lch. 94).

Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle (IO L 333, 27.12.2022, lch. 164).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 12 — SLÁNDÁIL*

**CAIBIDIL 12 02 — AN CISTE SLÁNDÁLA INMHEÁNAÍ (ISF)** *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) 2023/1543 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in imeachtaí coiriúla agus forghníomhú pianbhreitheanna coimeádta tar éis imeachtaí coiriúla (IO L 191, 28.7.2023, lch. 118).

Treoir (AE) 2023/1544 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le bunaíochtaí ainmnithe a ainmniú agus ionadaithe dlíthiúla a cheapadh chun críche fianaise leictreonach a bhailiú in imeachtaí coiriúla (IO L 191, 28.7.2023, lch. 181).

*Gníomhartha tagartha*

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna thíolacadh ag an gCoimisiún an 8 Nollaig 2021, maidir le malartú sonraí uathoibrithe le haghaidh comhar póilíneachta ('Prüm II'), lena leasaítear Cinntí 2008/615/CGB agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2018/1726, 2019/817 agus 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM(2021) 784 final).

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle arna thíolacadh ag an gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2022, maidir le bearta allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin agus idirthurais le haghaidh airm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú aindleathach agus gáinneáil arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireacht eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) (COM(2022) 480 final).

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a thíolaic an Coimisiún an 13 Nollaig 2022, maidir le bailiú agus aistriú réamhaisnéise faoi phaisinéirí (API) chun rialuithe teorainneacha seachtracha a fheabhsú agus a éascú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/817 agus Rialachán (AE) 2018/1726, agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/82/CE ón gComhairle (COM(2022) 729 final).

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a thíolaic an Coimisiún an 13 Nollaig 2022, maidir le bailiú agus aistriú réamhaisnéise faoi phaisinéirí chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818 (COM(2022)731 final).

### *12 02 01 An Ciste Slándála Inmheánaí (ISF)*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 319 435 754 | 182 130 000 | 307 407 754 | 136 020 000 | 249 181 639,— | 107 328 439,69 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go rannchuideofar le hardleibhéal slándála san Aontas a áirithiú, go háirithe tríd an sceimhlitheoireacht agus an radacú, an choireacht thromchúiseach agus eagraithe agus an chibearchoireacht a chomhrac agus trí chúnamh a thabhairt d'íospartaigh na coireachta agus iad a chosaint.

**CAIBIDIL 12 02 — AN CISTE SLÁNDÁLA INMHEÁNAÍ (ISF)** *(Ar lean.)*

***12 02 01*** *(Ar lean.)*

Go háirithe, tá sé d’aidhm leis an gCiste Slándála Inmheánaí (ISF) an malartú faisnéise a mhéadú i measc údaráis um fhorghníomhú an dlí de chuid an Aontais agus údaráis inniúla agus comhlachtaí ábhartha eile an Aontais, agus laistigh de na húdaráis agus de na comhlachtaí sin, mar aon leis an malartú faisnéise le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta; oibríochtaí comhpháirteacha trasteorann idir údaráis forfheidhmithe dlí an Aontais agus údaráis inniúla eile agus laistigh díobh a neartú i dtaca leis an gcoireacht thromchúiseach eagraithe a bhfuil gné thrasteorann ag baint léi; agus tacú leis an iarracht treisiú leis na cumais i dtaca leis an gcoireacht a chomhrac agus a chosc lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht go háirithe trí bhíthin comhar méadaithe idir údaráis phoiblí, an tsochaí shibhialta agus comhpháirtithe príobháideacha ar fud na mBallstát.

Ba cheart do ISF tacú go háirithe leis an gcomhar póilíneachta agus leis an gcomhar breithiúnach sna réimsí maidir le coireacht thromchúiseach agus eagraithe, gáinneáil aindleathach ar airm, éilliú, sciúradh airgid, gáinneáil ar dhrugaí, coireacht chomhshaoil, malartú faisnéise agus rochtain ar fhaisnéis, sceimhlitheoireacht, gáinneáil ar dhaoine, dúshaothrú na hinimirce neamhdhleathaí, teacht i dtír gnéasach ar leanaí, dáileadh íomhánna de mhí-úsáid leanaí agus pornagrafaíochta leanaí, agus cibearchoireacht. Leis an ISF ba cheart tacú le daoine, spásanna poiblí agus bonneagar criticiúil a chosaint ar theagmhais slándáilbhunaithe agus tacú le bainistiú éifeachtach rioscaí agus géarchéimeanna slándáilbhunaithe, lena n-áirítear trí chomhbheartais (straitéisí, timthriallacha beartais, cláir agus pleananna gníomhaíochta), reachtaíocht agus comhar praiticiúil a fhorbairt.

***12 02 99*** ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin airteagal seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanas atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

12 02 99 01 Gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích i réimsí an bheartais slándála agus an bheartais maidir le drugaí (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 53 000 000 | p.m. | 57 000 000 | 0,— | 84 976 874,46 |

*Barúlacha*

Ioncam sannta (bunús, méideanna measta agus an t-airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 2 304 252 | 6 4 0 0 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 12 — SLÁNDÁIL*

**CAIBIDIL 12 02 — AN CISTE SLÁNDÁLA INMHEÁNAÍ (ISF)** *(Ar lean.)*

***12 02 99*** *(Ar lean.)*

12 02 99 01 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Gníomhaíocht chomhpháirteach 98/245/CGB an 19 Márta 1998 arna glacadh ag an gComhairle, ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena mbunaítear clár malartuithe, oiliúna agus comhair le haghaidh daoine atá freagrach as gníomhaíocht chun an choireacht eagraithe a chomhrac (clár Falcone) (IO L 99, 31.3.1998, lch. 8).

Cinneadh 2001/512/CGB ón gComhairle an 28 Meitheamh 2001 lena mbunaítear an dara céim den chlár dreasachtaí agus malartuithe, oiliúna agus comhair le haghaidh dlíodóirí (Grotius II — Coiriúil) (IO L 186, 7.7.2001, lch. 1).

Cinneadh 2001/513/CGB ón gComhairle an 28 Meitheamh 2001 lena mbunaítear an dara céim den chlár dreasachtaí agus malartuithe, oiliúna agus comhair le haghaidh údaráis um fhorfheidhmiú an dlí (Oisin II) (IO L 186, 7.7.2001, lch. 4).

Cinneadh 2001/514/CGB ón gComhairle an 28 Meitheamh 2001 lena mbunaítear an dara céim den chlár dreasachtaí agus malartuithe, oiliúna agus comhair le haghaidh daoine atá freagrach as gáinneáil ar dhaoine agus as teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac (Stop II) (IO L 186, 7.7.2001, lch. 7).

Cinneadh 2001/515/CGB ón gComhairle an 28 Meitheamh 2001 lena mbunaítear an dara céim den chlár dreasachtaí agus malartuithe, oiliúna agus comhair um chosc na coireachta (Hippokrates) (IO L 186, 7.7.2001, lch. 11).

Cinneadh 2002/630/CGB ón gComhairle an 22 Iúil 2002 lena mbunaítear clár réime um chomhar póilíneachta agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla (AGIS) (IO L 203, 1.8.2002, lch. 5).

Cinneadh 2007/124/CE, Euratom ón gComhairle an 12 Feabhra 2007 lena mbunaítear don tréimhse 2007-2013, mar chuid den Chlár Ginearálta maidir leis an tSlándáil agus Cosaint na Saoirsí, an Clár Sonrach ‘An Sceimhlitheoireacht agus rioscaí eile a bhaineann le cúrsaí Slándála a Chosc, Ullmhacht ina leith agus a nIarmhairtí a Bhainistiú’ (IO L 58, 24.2.2007, lch. 1).

Cinneadh 2007/125/CGB ón gComhairle an 12 Feabhra 2007 lena mbunaítear don tréimhse 2007 go 2013, mar chuid de Chlár Ginearálta maidir leis an tSlándáil agus Cosaint na Saoirsí, an Clár faoi Leith ‘An Choireacht a Chosc agus a Chomhrac’ (IO L 58, 24.2.2007, lch. 7).

Cinneadh Uimh. 1150/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear don tréimhse 2007-2013 an Clár Sonrach ‘Cosc drugaí agus faisnéis’ mar chuid den Chlár Ginearálta ‘Cearta Bunúsacha agus Ceartas’ (IO L 257, 3.10.2007, lch. 23).

Rialachán (AE) Uimh. 1382/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár um Cheartas don tréimhse 2014 go 2020 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 73), agus go háirithe Airteagal 4(1), pointe (d), agus Airteagal 6(1) de.

Rialachán (AE) Uimh. 513/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac agus do bhainistíocht géarchéime agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/125/CGB ón gComhairle (IO L 150, 20.5.2014, lch. 93).

**CAIBIDIL 12 02 — AN CISTE SLÁNDÁLA INMHEÁNAÍ (ISF)** *(Ar lean.)*

***12 02 99*** *(Ar lean.)*

12 02 99 01 *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na forálacha ginearálta maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus maidir leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht ghéarchéime (IO L 150, 20.5.2014, lch. 112).

Cúram a thagann ó shainphribhléidí an Choimisiúin ar an leibhéal institiúideach, mar a fhoráiltear in Airteagal 58(2) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Rialachán (AE) 2022/585 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 514/2014 lena leagtar síos na forálacha ginearálta maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus maidir leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht géarchéime, (AE) Uimh. 516/2014 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus (AE) 2021/1147 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (IO L 112, 11.4.2022, lch. 1).

*Gníomhartha tagartha*

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2005 lena mbunaítear creatchlár don tréimhse 2007-2013 um Chearta Bunúsacha agus um Cheartas (COM(2005) 122 final).

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2005 lena mbunaítear clár réime um ‘An tSlándáil agus Cosaint na Saoirsí’ ar feadh na tréimhse 2007-2013 (COM(2005) 124 final).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 12 — SLÁNDÁIL*

**CAIBIDIL 12 03 — DÍCHOIMISIÚNÚ NÚICLÉACH LE HAGHAIDH NA LIOTUÁINE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 12 03 | DÍCHOIMISIÚNÚ NÚICLÉACH LE HAGHAIDH NA LIOTUÁINE | | | | | | | | |
| ***12 03 01*** | ***Cúnamh don Liotuáin maidir leis an díchoimisiúnú núicléach*** | 5 | 74 600 000 | 49 900 000 | 68 800 000 | 220 000 | 98 900 000,— | 0,— | |
| ***12 03 99*** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 12 03 99 01 | Cur i gcrích ghníomhaíochtaí na gclár cúnaimh roimhe seo um dhíchoimisiúnú núicléach sa Liotuáin (roimh 2021) | 5 | p.m. | 102 040 000 | p.m. | 59 780 000 | 0,— | 37 197 845,69 | 36,45 |
| | *Airteagal 12 03 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 102 040 000 | p.m. | 59 780 000 | 0,— | 37 197 845,69 | 36,45 |
| | **Caibidil 12 03 — IOMLÁN** | | **74 600 000** | **151 940 000** | **68 800 000** | **60 000 000** | **98 900 000,—** | **37 197 845,69** | **24,48** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar soláthar an chistithe chun cúnamh a thabhairt don Liotuáin maidir le díchoimisiúnú gléasra cumhachta núicléiche Ignalina, agus béim ar leith á leagan ar na dúshláin sábháilteachta raideolaíochta a bhainistiú, agus a áirithiú ag an am céanna go scaipfear eolas a ghinfear dá thoradh sin maidir leis an díchoimisiúnú núicléach go forleathan ar na Ballstáit uile.

Leis na leithreasuithe ba cheart díchóimeáil agus dí-éilliú threalamh agus sheaftaí imoibreora Ignalina a chumhdach go háirithe, i gcomhréir leis an bplean díchoimisiúnúcháin, agus ag an am céanna a áirithiú go ndéanfar an díchoimisiúnú agus an dramhaíl leagáide a bhainistiú ar bhealach sábháilte, sin agus an t-eolas a ghinfear a scaipeadh i measc gheallsealbhóirí an Aontais.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, is nithe iad as a n-eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha agus cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Prótacal Uimh. 4 a ghabhann le hIonstraim Aontachais 2003.

Rialachán (AE) 2021/101 ón gComhairle an 25 Eanáir 2021 lena mbunaítear an clár cúnaimh um dhíchoimisiúnú núicléach do ghléasra cumhachta núicléiche Ignalina sa Liotuáin agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1369/2013 (IO L 34, 1.2.2021, lch. 18).

**CAIBIDIL 12 03 — DÍCHOIMISIÚNÚ NÚICLÉACH LE HAGHAIDH NA LIOTUÁINE** *(Ar lean.)*

### *12 03 01 Cúnamh don Liotuáin maidir leis an díchoimisiúnú núicléach*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 74 600 000 | 49 900 000 | 68 800 000 | 220 000 | 98 900 000,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go dtacófar le maoiniú dhíchoimisiúnú gléasra cumhachta núicléiche Ignalina (an Liotuáin).

Leis an leithdháileadh airgeadais le haghaidh Chlár Ignalina, féadfar speansais a chumhdach freisin a bhaineann leis an gcúnamh teicniúil agus riaracháin chun an clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialúcháin, iniúchta agus meastóireachta lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha, staidéir, cruinnithe saineolaithe, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach faoi thosaíochtaí polaitiúla an Aontais a mhéid a bhaineann siad le cuspóirí ginearálta Rialachán (AE) 2021/101).

Leis an leithdháileadh airgeadais le haghaidh chlár Ignalina, féadfar speansais a bhaineann leis an gcúnamh teicniúil agus riaracháin a chumhdach freisin, ar speansais iad is gá chun an trasdul a áirithiú idir an clár sin agus na bearta a glacadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1990/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le cur chun feidhme Phrótacal Uimh. 4 maidir le gléasra cumhachta núicléiche Ignalina sa Liotuáin a ghabhann le hIonstraim Aontachais Phoblacht na Seice, na hEastóine, na Cipire, na Laitvia, na Liotuáine, na hUngáire, Mhálta, na Polainne, na Slóivéine agus na Slóvaice 'Chlár Ignalina' (IO L 411, 30.12.2006, lch. 10) agus Rialachán (AE) Uimh. 1369/2013 ón gComhairle an 13 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht an Aontais don chlár cúnaimh um dhíchoimisiúnú núicléach sa Liotuáin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1990/2006 (IO L 346, 20.12.2013, lch. 7).

Ag deireadh gach bliana, forbróidh an Coimisiún tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme na hoibre a rinneadh sna blianta roimhe seo agus cuirfidh sé an tuarascáil sin i láthair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

### *12 03 99 Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin airteagal seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanas atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

12 03 99 01 Cur i gcrích ghníomhaíochtaí na gclár cúnaimh roimhe seo um dhíchoimisiúnú núicléach sa Liotuáin (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 102 040 000 | p.m. | 59 780 000 | 0,— | 37 197 845,69 |

**CAIBIDIL 12 03 — DÍCHOIMISIÚNÚ NÚICLÉACH LE HAGHAIDH NA LIOTUÁINE** *(Ar lean.)*

***12 03 99*** *(Ar lean.)*

12 03 99 01 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Prótacal Uimh. 4 a ghabhann le hIonstraim Aontachais 2003.

Rialachán (CE) Uimh. 1990/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le cur chun feidhme Phrótacal Uimh. 4 maidir le gléasra cumhachta núicléiche Ignalina sa Liotuáine a ghabhann le hIonstraim Aontachais 'Chlár Ignalina' Phoblacht na Seice, na hEastóine, na Cipire, na Laitvia, na Liotuáine, na hUngáire, Mhálta, na Polainne, na Slóivéine agus na Slóvaice (IO L 411, 30.12.2006, lch. 10).

Rialachán (AE) Uimh. 1369/2013 ón gComhairle an 13 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht ón Aontas don chlár cúnaimh um dhíchoimisiúnú núicléach sa Liotuáin agus lena n-aisghairtear (CE) Uimh. 1990/2006 (IO L 346, 20.12.2013, lch. 7).

**CAIBIDIL 12 04 — AN TSÁBHÁILTEACHT NÚICLÉACH AGUS DÍCHOIMISIÚNÚ SAORÁIDÍ NÚICLÉACHA, LENA NÁIRÍTEAR LE HAGHAIDH NA BULGÁIRE AGUS NA SLÓVAICE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 12 04 | AN TSÁBHÁILTEACHT NÚICLÉACH AGUS DÍCHOIMISIÚNÚ SAORÁIDÍ NÚICLÉACHA, LENA NÁIRÍTEAR LE HAGHAIDH NA BULGÁIRE AGUS NA SLÓVAICE | | | | | | | | |
| **12 04 01** | ***Clár Kozloduy*** | 5 | 9 000 000 | 210 000 | 9 000 000 | 80 000 | 9 000 000,— | 0,— | |
| **12 04 02** | ***Clár Bohunice*** | 5 | 9 000 000 | 80 000 | 9 500 000 | p.m. | 0,— | 0,— | |
| **12 04 03** | ***Clár um Dhíchoimisiúnú agus Bainistiú Dramhaíola an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC)*** | 5 | 41 920 124 | 31 000 000 | 36 383 458 | 29 000 000 | 32 619 511,75 | 19 061 740,83 | 61,49 |
| **12 04 99** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 12 04 99 01 | Díchoimisiúnú shaoráidí núicléacha Euratom, atá imithe i léig, a chur i gcrích agus diúscairt deiridh dramhaíola (2014 go 2020) | 5 | p.m. | 1 300 000 | p.m. | 6 800 000 | 0,— | 10 266 045,31 | 789,70 |
| 12 04 99 02 | Cláir um shábháilteacht núicléach agus um dhíchoimisiúnú núicléach roimhe seo a chur i gcrích sa Bhulgáir agus sa tSlóvaic (roimh 2021). | 5 | p.m. | 36 770 000 | p.m. | 14 920 000 | 0,— | 8 917 967,79 | 24,25 |
| | *Airteagal 12 04 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 38 070 000 | p.m. | 21 720 000 | 0,— | 19 184 013,10 | 50,39 |
| | **Caibidil 12 04 — IOMLÁN** | | **59 920 124** | **69 360 000** | **54 883 458** | **50 800 000** | **41 619 511,75** | **38 245 753,93** | **55,14** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar soláthar an chistithe chun saoráidí núicléacha a dhíchoimisiúnú agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú, i gcomhréir leis na riachtanais atá sainaitheanta. Le haghaidh na tréimhse 2021-2027, ba cheart do na leithreasuithe na nithe seo a leanas a chumhdach go háirithe:

— an cúnamh don Bhulgáir agus don tSlóvaic clár Kozloduy agus clár Bohunice a chur chun feidhme, lena n-áirítear bainistíocht agus stóráil dramhaíola radaighníomhaí i gcomhréir leis na riachtanais atá sainaitheanta sa dá phlean díchoimisiúnúcháin faoi seach, agus béim ar leith á leagan ar na dúshláin sábháilteachta a bhaineann leo a bhainistiú,

— agus an tacaíocht do chlár an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde um dhíchoimisiúnú agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí.

Leis an gclár arna bhunú le Rialachán (Euratom) 2021/100, cruthófar eolas maidir leis an bpróiseas díchoimisiúnúcháin núicléach agus ar le bainistiú na dramhaíola radaighníomhaí a eascróidh as na gníomhaíochtaí díchoimisiúnúcháin.

**CAIBIDIL 12 04 — AN TSÁBHÁILTEACHT NÚICLÉACH AGUS DÍCHOIMISIÚNÚ SAORÁIDÍ NÚICLÉACHA, LENA NÁIRÍTEAR LE HAGHAIDH NA BULGÁIRE AGUS NA SLÓVAICE** *(Ar lean.)*

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, is nithe iad as a n-eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha agus cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Cúraim a eascraíonn as cumhachtaí sonracha a thugtar don Choimisiún go díreach le hAirteagal 203 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

Rialachán 2021/100 (Euratom) ón gComhairle an 25 Eanáir 2021 lena mbunaítear clár airgeadais tiomnaithe chun saoráidí núicléacha a dhíchoimisiúnú agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) Uimh. 1368/2013 (IO L 34, 1.2.2021, lch. 3).

### *12 04 01 Clár Kozloduy*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 9 000 000 | 210 000 | 9 000 000 | 80 000 | 9 000 000,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go dtacófar le maoiniú dhíchoimisiúnú ghléasra cumhachta núicléiche Kozloduy (An Bhulgáir).

Leis an leithdháileadh airgeadais le haghaidh Chlár Kozloduy, féadfar speansais a chumhdach freisin ar speansais iad a bhaineann le cúnamh teicniúil agus riaracháin chun an clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialúcháin, iniúchta agus meastóireachta lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha, staidéir, cruinnithe saineolaithe, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach faoi thosaíochtaí polaitiúla an Aontais a mhéid a bhaineann siad le cuspóirí ginearálta Rialachán (Euratom) 2021/100).

Leis an leithdháileadh airgeadais, féadfar speansais a bhaineann leis an gcúnamh teicniúil agus riaracháin a chumhdach freisin, ar speansais iad is gá chun an trasdul a áirithiú idir an clár agus na bearta a glacadh faoi Rialachán (Euratom) Uimh. 647/2010 ón gComhairle an 13 Iúil 2010 maidir le cúnamh airgeadais an Aontais i leith Aonaid 1 go 4 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Kozloduy sa Bhulgáir a dhíchoimisiúnú (Clár Kozloduy) (IO L 189, 22.7.2010, lch. 9) agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1368/2013 ón gComhairle an 13 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht an Aontais do na cláir chúnaimh um dhíchoimisiúnú núicléach sa Bhulgáir agus sa tSlóvaic, agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) Uimh. 549/2007 agus Rialachán (Euratom) Uimh. 647/2010 (IO L 346, 20.12.2013, lch. 1).

**CAIBIDIL 12 04 — AN TSÁBHÁILTEACHT NÚICLÉACH AGUS DÍCHOIMISIÚNÚ SAORÁIDÍ NÚICLÉACHA, LENA NÁIRÍTEAR LE HAGHAIDH NA BULGÁIRE AGUS NA SLÓVAICE** *(Ar lean.)*

***12 04 01*** *(Ar lean.)*

Ag deireadh gach bliana, ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme na hoibre a rinneadh sna blianta roimhe seo agus cuirfidh sé an tuarascáil sin i láthair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

***12 04 02*** ***Clár Bohunice***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 9 000 000 | 80 000 | 9 500 000 | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go dtacófar le maoiniú dhíchoimisiúnú ghléasra cumhachta núicléiche Bohunice V1 (an tSlóvaic).

Leis an leithdháileadh airgeadais le haghaidh Chlár Bohunice, féadfar speansais a chumhdach freisin ar speansais iad a bhaineann le cúnamh teicniúil agus riaracháin chun an clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialúcháin, iniúchta agus meastóireachta lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha, staidéir, cruinnithe saineolaithe, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach faoi thosaíochtaí polaitiúla an Aontais a mhéid a bhaineann siad le cuspóirí ginearálta Rialachán (Euratom) 2021/100).

Leis an leithdháileadh airgeadais, féadfar speansais a bhaineann leis an gcúnamh teicniúil agus riaracháin a chumhdach freisin, ar speansais iad is gá chun an trasdul a áirithiú idir an clár sin agus na bearta a glacadh faoi Rialachán (Euratom) Uimh. 549/2007 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2007 maidir le cur chun feidhme Phrótacal Uimh. 9 maidir le hAonad 1 agus le hAonad 2 de ghléasra cumhachta núicléiche Bohunice V1 sa tSlóvaic a ghabhann leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, na hEastóine, na Cipire, na Laitvia, na Liotuáine, na hUngáire, Mhálta, na Polainne, na Slóivéine agus na Slóvaice leis an Aontas Eorpach (IO L 131, 23.5.2007, lch. 1) agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1368/2013 ón gComhairle an 13 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht an Aontais do na cláir chúnaimh um dhíchoimisiúnú núicléach sa Bhulgáir agus sa tSlóvaic, agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) Uimh. 549/2007 agus Rialachán (Euratom) Uimh. 647/2010 (IO L 346, 20.12.2013, lch. 1).

Ag deireadh gach bliana, ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme na hoibre a rinneadh sna blianta roimhe seo agus cuirfidh sé an tuarascáil sin i láthair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

***12 04 03*** ***Clár um Dhíchoimisiúnú agus Bainistiú Dramhaíola an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 41 920 124 | 31 000 000 | 36 383 458 | 29 000 000 | 32 619 511,75 | 19 061 740,83 |

**CAIBIDIL 12 04 — AN TSÁBHÁILTEACHT NÚICLÉACH AGUS DÍCHOIMISIÚNÚ SAORÁIDÍ NÚICLÉACHA, LENA NÁIRÍTEAR LE HAGHAIDH NA BULGÁIRE AGUS NA SLÓVAICE** *(Ar lean.)*

***12 04 03*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na gníomhaíochtaí a dhéanann an tAirmheán Comhphháirteach Taighde (JRC) chun a Chlár um Dhíchoimisiúnú agus um Bainistiú Dramhaíola (2021-2027) a chur chun feidhme. Beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag gníomhaíochtaí faoin clár seo:

— tacú leis an bplean díchoimisiúnúcháin agus na gníomhaíochtaí a dhéanamh i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit óstaigh chun suiteálacha núicléacha an Choimisiúin féin ag láithreáin JRC a dhíchóimeáil agus a dhí-éilliú,

— an dramhaíl radaighníomhach ghaolmhar a bhainistiú go sábháilte,

— nuair is iomchuí, aistriú roghnach na ndliteanas núicléach gaolmhar ó JRC chuig na Ballstáit óstacha a ullmhú; ní fhorchuirfear an t-aistriú sin ar aon Bhallstát óstach agus beidh sé faoi réir comhaontú déthaobhach frithpháirteach idir an Coimisiún agus na Ballstáit óstacha; forálfar sa chomhaontú déthaobhach frithpháirteach sin gurb é an tAontas a íocfaidh as na costais uile a bhaineann le díchoimisiúnú shuiteálacha núicléacha an Choimisiúin féin ag láithreáin JRC agus le stóráil na dramhaíola radaighníomhaí gaolmhaire agus gur costais iad sin lena gcomhlíonfar go hiomlán Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 go hiomlán, lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistíocht fhreagrach agus shábháilte ar bhreosla spíonta agus ar dhramhaíl radaighníomhach (IO L 199, 2.8.2011, lch. 48),

— naisc agus malartuithe a fhorbairt i measc gheallsealbhóirí an Aontais maidir leis an díchoimisiúnú núicléach, d'fhonn a áirithiú go scaipfear eolas agus go roinnfear taithí i ngach réimse ábhartha, amhail taighde agus nuálaíocht, rialáil agus oiliúint, agus chun sineirgí féideartha de chuid an Aontais a fhorbairt.

Cumhdaítear leis caiteachas sonrach a bhaineann le gníomhaíochtaí Chlár JRC um Dhíchoimisiúnú agus um Bhainistiú Dramhaíola, lena n-áirítear trealamh teicniúil a cheannach, seirbhísí eolaíocha agus teicniúla a chur amach ar fochonradh, rochtain ar fhaisnéis agus tomhaltáin a fháil. Áirítear leis sin caiteachas ar bhonneagar teicniúil a tabhaíodh go díreach le haghaidh na ngníomhaíochtaí lena mbaineann, mar aon le speansais le haghaidh ceardlann agus cruinnithe chun eolas agus taithí a bhailiú agus a scaipeadh.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin oibríochtaí a mhaoiniú arna ndéanamh ag an gCoimisiún ar bhonn na gcumhachtaí a thugtar dó le hAirteagal 8 de Chonradh Euratom i gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28).

***12 04 99*** ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích***

*Barúlacha*

Ta sé beartaithe le leithreasuithe faoin airteagal seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanas atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

**CAIBIDIL 12 04 — AN TSÁBHÁILTEACHT NÚICLÉACH AGUS DÍCHOIMISIÚNÚ SAORÁIDÍ NÚICLÉACHA, LENA NÁIRÍTEAR LE HAGHAIDH NA BULGÁIRE AGUS NA SLÓVAICE** *(Ar lean.)*

***12 04 99*** *(Ar lean.)*

12 04 99 01 Díchoimisiúnú shaoráidí núicléacha Euratom, atá imithe i léig, a chur i gcrích agus diúscairt deiridh dramhaíola (2014 go 2020)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 1 300 000 | p.m. | 6 800 000 | 0,— | 10 266 045,31 |

*Gníomhartha tagartha*

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle an 17 Márta 1999 dar teideal ‘Historical liabilities resulting from nuclear activities carried out by the JRC under the Euratom Treaty — Decommissioning of obsolete nuclear installations and waste management’ [‘Dliteanais stairiúla a eascraíonn as gníomhaíochtaí núicléacha arna ndéanamh ag JRC faoi Chonradh Euratom — Díchoimisiúnú suiteálacha núicléacha atá imithe i léig agus bainistiú dramhaíola’] (COIM(1999) 114 leagan deireanach).

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2004 dar teideal ‘Decommissioning of nuclear installations and waste management: Nuclear liabilities arising out of the activities of the Joint Research Centre (JRC) carried out under the Euratom Treaty’ [‘Díchoimisiúnú suiteálacha núicléacha agus bainistiú dramhaíola: Dliteanais núicléacha a eascraíonn as gníomhaíochtaí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC) arna ndéanamh faoi Chonradh Euratom’] (SEC(2004) 621 leagan deireanach).

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa an 12 Eanáir 2009 dar teideal ‘Decommissioning of Nuclear Installations and Management of Radioactive Waste: Management of Nuclear Liabilities arising out of the Activities of the Joint Research Centre (JRC) carried out under the Euratom Treaty’ [‘Díchoimisiúnú Suiteálacha Núicléacha agus Bainistiú Dramhaíola: Bainistiú Dliteanas Stairiúil a eascraíonn as Gníomhaíochtaí Núicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC) arna ndéanamh faoi Chonradh Euratom’] (COIM(2008) 903 leagan deireanach).

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2013 dar teideal ‘Decommissioning of Nuclear Installations and Management of Radioactive Waste: Management of Nuclear Liabilities arising out of the Activities of the Joint Research Centre (JRC) carried out under the Euratom Treaty’ [‘Díchoimisiúnú Suiteálacha Núicléacha agus Bainistiú Dramhaíola: Bainistiú Dliteanas Núicléach a eascraíonn as Gníomhaíochtaí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC) arna ndéanamh faoi Chonradh Euratom’] (COM(2013) 734 final).

12 04 99 02 Cláir um shábháilteacht núicléach agus um dhíchoimisiúnú núicléach roimhe seo a chur i gcrích sa Bhulgáir agus sa tSlóvaic (roimh 2021).

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 36 770 000 | p.m. | 14 920 000 | 0,— | 8 917 967,79 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 12 — SLÁNDÁIL*

**CAIBIDIL 12 04 — AN TSÁBHÁILTEACHT NÚICLÉACH AGUS DÍCHOIMISIÚNÚ SAORÁIDÍ NÚICLÉACHA, LENA NÁIRÍTEAR LE HAGHAIDH NA BULGÁIRE AGUS NA SLÓVAICE** *(Ar lean.)*

***12 04 99*** *(Ar lean.)*

12 04 99 02 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Cúraim a eascraíonn as cumhachtaí sonracha a thugtar don Choimisiún go díreach le hAirteagal 203 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

Cúraim a eascraíonn as cumhachtaí sonracha a thugtar don Choimisiún go díreach le hIonstraim Aontachais 2003 (Prótacal Uimh. 9 maidir le hAonad 1 agus le hAonad 2 de ghléasra cumhachta núicléiche Bohunice V1 sa tSlóvaic, atá i gceangal le hIonstraim Aontachais 2003).

Tugtar an cúram a bhaineann le gléasra núicléach Kozloduy sa Bhulgáir don Choimisiún go díreach ar an gcuma chéanna le hAirteagal 30 d'Ionstraim Aontachais 2005.

Rialachán (Euratom) Uimh. 549/2007 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2007 maidir le cur chun feidhme Phrótacal Uimh. 9 maidir le hAonad 1 agus le hAonad 2 de ghléasra cumhachta núicléiche Bohunice V1 sa tSlóvaic a ghabhann leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, na hEastóine, na Cipire, na Laitvia, na Liotuáine, na hUngáire, Mhálta, na Polainne, na Slóivéine agus na Slóvaice leis an Aontas Eorpach (IO L 131, 23.5.2007, lch. 1).

Rialachán (Euratom) Uimh. 647/2010 ón gComhairle an 13 Iúil 2010 maidir le cúnamh airgeadais an Aontais i leith Aonaid 1 go 4 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Kozloduy sa Bhulgáir a dhíchoimisiúnú (Clár Kozloduy) (IO L 189, 22.7.2010, lch. 9).

Rialachán (Euratom) Uimh. 1368/2013 ón gComhairle an 13 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht an Aontais do na cláir chúnaimh um dhíchoimisiúnú núicléach sa Bhulgáir agus sa tSlóvaic, agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) Uimh. 549/2007 agus Rialachán (Euratom) Uimh. 647/2010 (IO L 346, 20.12.2013, lch. 1).

**CAIBIDIL 12 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 12 10 | GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE | | | | | | | | |
| ***12 10 01*** | ***Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)*** | 5 | 205 872 614 | 205 872 614 | 202 077 593 | 202 077 593 | 189 031 304,— | 189 031 304,— | 91,82 |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | | *2 041 000* | *2 041 000* | | | | | |
| | | | 207 913 614 | 207 913 614 | 202 077 593 | 202 077 593 | 189 031 304,— | 189 031 304,— | |
| ***12 10 02*** | ***Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL)*** | 5 | 11 152 391 | 11 152 391 | 10 806 076 | 10 806 076 | 10 072 258,— | 10 072 258,— | 90,31 |
| ***12 10 03*** | ***An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA)*** | 5 | 32 073 536 | 32 073 536 | 17 528 283 | 17 528 283 | 17 538 623,— | 17 538 623,— | 54,68 |
| | **Caibidil 12 10 — IOMLÁN** | | **249 098 541** | **249 098 541** | **230 411 952** | **230 411 952** | **216 642 185,—** | **216 642 185,—** | **86,97** |
| | ***Cúlchistí (30 02 02)*** | | ***2 041 000*** | ***2 041 000*** | | | | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | | **251 139 541** | **251 139 541** | **230 411 952** | **230 411 952** | **216 642 185,—** | **216 642 185,—** | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas riaracháin agus foirne na ngníomhaireachtaí díláraithe (Teideal 1 agus 2) agus, i gcás inarb infheidhme, caiteachas oibríochtúil a bhaineann leis an gclár oibre (Teideal 3).

Leagtar pleananna bunaíochta na ngníomhaireachtaí amach san Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

Ní mór do na gníomhaireachtaí Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi aistrithe leithreasuithe idir caiteachas oibríochtúil agus caiteachas riaracháin.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, tíortha is iarrthóirí ionchasacha sna Balcáin Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir an Aontais, méideanna a aisíoctar i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1), na nithe sin agus aon ioncam sannta eile a iontráiltear sa ráiteas ioncaim, is nithe iad as a n-eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha agus cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 12 — SLÁNDÁIL*

**CAIBIDIL 12 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

### *12 10 01 Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 12 10 01 | 205 872 614 | 205 872 614 | 202 077 593 | 202 077 593 | 189 031 304,— | 189 031 304,— |
| *Cúlchistí (30 02 02)* | *2 041 000* | *2 041 000* | | | | |
| IOMLÁN | 207 913 614 | 207 913 614 | 202 077 593 | 202 077 593 | 189 031 304,— | 189 031 304,— |

*Barúlacha*

Is é Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) gníomhaireacht forfheidhmithe dlí an Aontais, arb é a shainchúram cuidiú leis an Eoraip a dhéanamh níos sábháilte trí chúnamh a thabhairt do na húdaráis forfheidhmithe dlí sna Ballstáit. Tairgeann Europol tacaíocht d'oibríochtaí forfheidhmithe dlí ar an talamh, tá sé ina mhol le haghaidh faisnéise ar ghníomhaíochtaí coiriúla agus lárionad saineolais ar an dlí a fhorfheidhmiú atá ann freisin.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 218 227 705 |
| *an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais* | 10 314 091 |
| An méid arna iontráil sa bhuiséad | 207 913 614 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (AE) 2016/399, Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240, Rialachán (AE) 2018/1726 agus Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2004/512/CE agus Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle (IO L 135, 22.5.2019, lch. 27).

Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, Rialachán (AE) 2018/1862 agus Rialachán (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85).

**CAIBIDIL 12 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

***12 10 01*** *(Ar lean.)*

Rialachán (AE) 2021/1133 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 603/2013, (AE) 2016/794, (AE) 2018/1862, (AE) 2019/816 agus (AE) 2019/818 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise AE eile chun críocha an Chórais Faisnéise Víosaí (IO L 248, 13.7.2021, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críche an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú (IO L 248, 13.7.2021, lch. 11).

Rialachán (AE) 2022/991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le comhar Europol le páirtithe príobháideacha, an phróiseáil a dhéanann Europol ar shonraí pearsanta chun tacú le himscrúduithe coiriúla, agus ról Europol maidir le taighde agus nuálaíocht (IO L 169, 27.6.2022, lch. 1).

Rialachán (AE) 2022/1190 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1862 a mhéid a bhaineann le foláirimh faisnéise a iontráil i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) maidir le náisiúnaigh tríú tír chun leas an Aontais (IO L 185, 12.7.2022, lch. 1).

*Gníomhartha tagartha*

Togra leasaithe le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna chur isteach ag an gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2020, maidir le bunú 'Eurodac' chun sonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid le chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce] agus Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir le hAthlonnú], chun náisiúnach tríú tír nó duine gan stát atá ag fanacht go neamhdhlíthiúil sa stát a shainaithint agus maidir le hiarrataí ó údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáid le sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/818 (COM(2020) 614 final).

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna thíolacadh ag an gCoimisiún an 8 Nollaig 2021, maidir le malartú sonraí uathoibrithe le haghaidh comhar póilíneachta ('Prüm II'), lena leasaítear Cinntí 2008/615/CGB agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2018/1726, 2019/817 agus 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM(2021) 784 final).

***12 10 02*** ***Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 11 152 391 | 11 152 391 | 10 806 076 | 10 806 076 | 10 072 258,— | 10 072 258,— |

**CAIBIDIL 12 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

***12 10 02*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

An Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), is éard atá inti gníomhaireacht de chuid an Aontais atá tiomnaithe don oiliúint a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a chomhordú d'oifigigh forfheidhmithe an dlí. Rannchuidíonn CEPOL leis an Eoraip a dhéanamh níos sábháilte trí éascaíocht a dhéanamh ar chomhar agus ar chomhroinnt eolais i measc oifigigh forfheidhmithe dlí de chuid na mBallstát, agus go pointe áirithe i measc oifigigh forfheidhmithe dlí de chuid tríú tíortha , maidir le saincheisteanna a eascraíonn as tosaíochtaí an Aontais i réimse na slándála; go háirithe, ó Thimthriall Beartais an Aontais maidir le coireacht eagraithe thromchúiseach. Le CEPOL, déantar líonra d'institiúidí oiliúna le haghaidh oifigigh forfheidhmithe dlí sna Ballstáit le chéile agus tacaítear leo oiliúint túslíne a sholáthar maidir le tosaíochtaí ó thaobh na slándála de, comhar um fhorfheidhmiú an dlí agus malartú faisnéise. Ina theannta sin, oibríonn CEPOL le comhlachtaí an Aontais, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus tríú tíortha chun a áirithiú go ndéanfar na dúshláin slándála is tromchúisí a chomhrac le freagairt chomhchoiteann.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 11 435 499 |
| *an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais* | 283 108 |
| An méid arna iontráil sa bhuiséad | 11 152 391 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2015/2219 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2005/681/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin (IO L 319, 4.12.2015, lch. 1).

Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (AE) 2016/399, Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240, Rialachán (AE) 2018/1726 agus Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2004/512/CE agus Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle (IO L 135, 22.5.2019, lch. 27).

Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, Rialachán (AE) 2018/1862 agus Rialachán (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85).

***12 10 03*** ***An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 32 073 536 | 32 073 536 | 17 528 283 | 17 528 283 | 17 538 623,— | 17 538 623,— |

**CAIBIDIL 12 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE** *(Ar lean.)*

***12 10 03*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Soláthraíonn an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA) / an Ghníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) achoimre fhíorasach don Aontas agus do na Ballstáit maidir le fadhbanna drugaí agus bonn fianaise láidir chun tacú leis an díospóireacht faoi dhrugaí. Tairgeann sé do dhéantóirí beartas na sonraí a theastaíonn uathu chun dlíthe agus straitéisí eolacha um dhrugaí a tharraingt suas. Cuidíonn an Lárionad le gairmithe agus le cleachtóirí a oibríonn sa réimse chun díriú ar an dea-chleachtas agus ar réimsí nua taighde. Cé gur ar an Eoraip go príomha a bhíonn fócas EMCDDA / EUDA, oibríonn sé le comhpháirtithe i réigiúin eile sa domhan freisin, agus faisnéis agus saineolas á malartú. Tá comhar le heagraíochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta sa réimse maidir le drugaí lárnach dá gcuid oibre freisin mar bhealach chun tuiscint ar fheiniméan domhanda na ndrugaí a thuiscint.

| | |
|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an Aontais | 32 131 775 |
| *an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais* | 58 239 |
| An méid arna iontráil sa bhuiséad | 32 073 536 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (IO L 376, 27.12.2006, lch. 1).

Rialachán (AE) 2023/1322 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2023 maidir le Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 (IO L 166, 30.6.2023, lch. 6).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 12 — SLÁNDÁIL*

**CAIBIDIL 12 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 12 20 | TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | | | | | | | | |
| **12 20 02** | ***Gníomhaíochtaí ullmhúcháin*** | 5 | p.m. | 1 200 000 | p.m. | 800 000 | 0,— | 0,— | |
| **12 20 04** | ***Gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus cumhachtaí sonracha arna dtabhairt don Choimisiún*** | | | | | | | | |
| 12 20 04 01 | Coimircí núicléacha | 5 | 19 677 521 | 17 709 769 | 19 291 839 | 16 200 000 | 18 913 143,84 | 15 709 057,01 | 88,70 |
| 12 20 04 02 | An tsábháilteacht núicléach agus cosaint ar radaíocht | 5 | 3 184 237 | 3 025 025 | 3 121 825 | 3 000 000 | 2 920 288,50 | 2 404 297,87 | 79,48 |
| | *Airteagal 12 20 04 — Fo-iomlán* | | 22 861 758 | 20 734 794 | 22 413 664 | 19 200 000 | 21 833 432,34 | 18 113 354,88 | 87,36 |
| | **Caibidil 12 20 — IOMLÁN** | | **22 861 758** | **21 934 794** | **22 413 664** | **20 000 000** | **21 833 432,34** | **18 113 354,88** | **82,58** |

***12 20 02 Gníomhaíochtaí ullmhúcháin***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 1 200 000 | p.m. | 800 000 | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go maoineofar cur chun feidhme réamhbheart i réimsí feidhme CFAE agus Chonradh Euratom, arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn gníomhaíochtaí a ghlacadh sa todhchaí.

Leagtar amach liosta na mbeart ullmhúcháin seo in Iarscríbhinn 'Treoirthionscadail agus bearta ullmhúcháin' a ghabhann leis an roinn seo, faoi Chaibidil PA 12.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2)(b) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**CAIBIDIL 12 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

### *12 20 04 Gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus cumhachtaí sonracha arna dtabhairt don Choimisiún*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin airteagal seo bearta agus gníomhaíochtaí a mhaoiniú nach n-áirítear sna caibidlí roimhe seo sa teideal sin ach dá bhfuil bunghníomh glactha.

12 20 04 01 Coimircí núicléacha

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 19 677 521 | 17 709 769 | 19 291 839 | 16 200 000 | 18 913 143,84 | 15 709 057,01 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo an méid seo a leanas a chumhdach, go háirithe:

— speansais le haghaidh misean ag cigirí a dhéantar i gcomhréir le cláir réamhbhunaithe gach 6 mhí, iniúchtaí gearrfhógra (liúntais chothaithe laethúla agus speansais taistil),

— oiliúint a chur ar chigirí agus cruinnithe leis na Ballstáit, eagraíochtaí idirnáisiúnta, oibreoirí núicléacha agus geallsealbhóirí eile,

— speansais a bhaineann le rialuithe sonracha leighis na gcigirí,

— trealamh a cheannach lena úsáid in iniúchtaí, go háirithe trealamh faireacháin a cheannach amhail córais físeáin dhigiteacha, gairis tomhais gáma, neodrón agus infridheirg, ríomhshéala agus córais léite séala,

— crua-earraí teicneolaíochta faisnéise le haghaidh iniúchtaí a sholáthar agus athnuachan,

— tionscadail shonracha teicneolaíochta faisnéise le haghaidh iniúchtaí (forbairt agus cothabháil),

— gairis faireacháin agus tomhais, a bhfuil deireadh a ré feidhme sroichte acu, a athsholáthar,

— trealamh le haghaidh anailís neamhscriostach a chothabháil mar aon le saintrealamh eile, lena n-áirítear costais árachais, i gcás inarb infheidhme,

— bearta bonneagair theicniúla, lena n-áirítear bainistiú dramhaíola agus iompar samplaí,

— anailísí ar an láithreán (costas saothair agus speansais misin le haghaidh anailísithe),

— comhaontuithe maidir le háitreabh oibre ar an láithreán (saotharlanna, oifigí, etc.),

— suiteálacha agus saotharlanna lárnacha a bhainistiú ar an láithreán go laethúil (deisiúcháin, cothabháil, crua-earraí teicneolaíochta faisnéise, ceannacháin soláthairtí agus tomhaltán, etc.),

— tacaíocht teicneolaíochta faisnéise agus tástálacha le haghaidh feidhmchlár i gcomhair iniúchtaí,

**CAIBIDIL 12 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***12 20 04*** *(Ar lean.)*

12 20 04 01 *(Ar lean.)*

— an costas a bhaineann le LSS (Laboratoire sur Site – La Hague) a dhíchoimisiúnú amach anseo.

Féadfar a bheith mar thoradh ar an méid seo a leanas go soláthrófar tuilleadh leithreasuithe i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais:

— éilimh árachais íoctha,

— íocaíocht suimeanna a d'íoc an Coimisiún go míchuí as earraí, obair nó seirbhísí.

Leis an leithreasú seo freisin, féadfar caiteachas a chumhdach ar staidéir, cruinnithe saineolaithe, faisnéis agus foilseacháin atá nasctha go díreach leis na cuspóirí a thagann faoin mír seo a bhaint amach, agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*.

*Bunús dlí*

Cúraimí a eascraíonn as cumhachtaí sonracha a thugtar don Choimisiún go díreach leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach faoi Chaibidil 7 de Theideal II agus faoi Airteagal 174.

Rialachán (Euratom) Uimh. 302/2005 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2005 maidir le cur i bhfeidhm choimircí Euratom (IO L 54, 28.2.2005, lch. 1).

*Gníomhartha tagartha*

Comhaontú idir na Ballstáit, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (INFCIRC/193) maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach agus a Phrótacal Breise.

Comhaontú idir an Fhrainc, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach maidir le coimircí a chur i bhfeidhm san Fhrainc (INFCIRC/290) agus maidir lena Phrótacal Breise.

Comhaontuithe Déthaobhacha maidir le comhar núicléach idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus tríú tíortha, amhail an Astráil, Ceanada, an tSeapáin, an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa an 24 Márta 1992 a bhaineann le Cinneadh ón gCoimisiún maidir le saotharlanna ar an láithreán a chur chun feidhme chun anailís fíorúcháin a dhéanamh ar shamplaí coimircí (SEC(1992) 515).

**CAIBIDIL 12 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***12 20 04*** *(Ar lean.)*

12 20 04 02 An tsábháilteacht núicléach agus cosaint ar radaíocht

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 3 184 237 | 3 025 025 | 3 121 825 | 3 000 000 | 2 920 288,50 | 2 404 297,87 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar:

— caiteachas a thabhaigh an Coimisiún as bailiú agus as próiseáil faisnéise den uile chineál is gá chun anailís, sainmhíniú, cur chun cinn, faireachán, meastóireacht agus cur chun feidhme a dhéanamh i dtaca le beartas agus reachtaíocht Euratom maidir leis an tsábháilteacht núicléach agus cosaint ar radaíocht,

— caiteachas ar bhearta agus ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le faireachán agus cosaint a dhéanamh ar éifeachtaí na radaíochta ianúcháin agus atá ceaptha chun cosaint sláinte an daonra a áirithiú mar aon le cosaint an chomhshaoil ar chontúirtí na radaíochta ianúcháin; baineann na gníomhaíochtaí sin le cúraimí sonracha dá bhforáiltear faoi Chonradh Euratom,

— caiteachas a bhaineann le hoibriú agus éifeachtúlacht na gcóras a fhíorú chun faireachán a dhéanamh ar leibhéal na radaighníomhaíochta san aer, san uisce agus san ithir agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar na bunchaighdeáin sna Ballstáit (Airteagal 35 de Chonradh Euratom); áirítear leis an gcaiteachas sin, sa bhreis ar liúntais chothaithe agus speansais taistil (misin), costais le haghaidh oiliúna, cruinnithe ullmhúcháin agus ceannach trealaimh atá le húsáid le haghaidh iniúchtaí, lena n-áirítear na speansais a bhaineann le rialú sonrach leighis na gcigirí,

— caiteachas a bhaineann le cur chun feidhme chúraimí an Choimisiúin maidir le hathbhreithnithe piaraí Eorpacha ar shaincheisteanna sábháilteachta núicléiche, e.g. Athbhreithnithe Téamacha Piaraí agus obair leantach ar Thástálacha Struis an Aontais,

— caiteachas lena n-áirítear deontais do rialaitheoirí sábháilteachta núicléiche nó dá n-eagraíochtaí ainmnithe um thacaíocht theicniúil, a bhaineann le cur chun feidhme ceanglas maidir le sábháilteacht núicléach (a eascraíonn as forálacha Chaibidil 3 de Theideal II agus an reachtaíocht thánaisteach a dhíorthaítear as) i suiteálacha núicléacha a bhfuil cúinsí teicniúla agus geopholaitiúla le sárú acu.

Caiteachas ar fhaisnéis agus ar fhoilseacháin atá nasctha go díreach leis na cuspóirí a thagann faoin mír seo a bhaint amach, féadfar an caiteachas sin a chumhdach leis an leithreasú seo freisin.

*Bunús dlí*

Cúram a eascraíonn as cumhachtaí sonracha a thugtar don Choimisiún go díreach leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach faoi Chaibidil 3 de Theideal II agus faoi Airteagal 174.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 12 — SLÁNDÁIL*

**CAIBIDIL 12 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***12 20 04*** *(Ar lean.)*

12 20 04 02 *(Ar lean.)*

Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, go háirithe Airteagal 31 (bunchaighdeáin sábháilteachta a bhunú), Airteagal 33 (faireachán ar chur chun feidhme reachtaíocht Euratom maidir le sábháilteacht núicléach agus cosaint ar radaíocht) agus Airteagal 35(2) (faireachán ar radaighníomhaíocht chomhshaoil a fhíorú) de.

Cinneadh 87/600/Euratom ón gComhairle an 14 Nollaig 1987 maidir le socruithe Comhphobail chun faisnéis a mhalartú go luath i gcás éigeandáil raideolaíoch (IO L 371, 30.12.1987, lch. 76).

Treoir 2009/71/Euratom ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le sábháilteacht núicléach na suiteálacha núicléacha (IO L 172, 2.7.2009, lch. 18).

Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte ar bhreosla spíonta agus ar dhramhaíl radaighníomhach (IO L 199, 2.8.2011, lch. 48).

Treoir 2013/51/Euratom ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos ceanglais maidir le sláinte an phobail i gcoitinne a chosaint i ndáil le substaintí radaighníomhacha in uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine (IO L 296, 7.11.2013, lch. 12).

Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 lena leagtar síos na caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta maidir le cosaint ar na contúirtí a éiríonn as nochtadh don radaíocht ianaithe, agus lena n-aisghairtear Treoracha 89/618/Euratom, 90/641/Euratom, 96/29/Euratom, 97/43/Euratom agus 2003/122/Euratom (IO L 13, 17.1.2014, lch. 1).

Rialachán (Euratom) 2016/52 ón gComhairle an 15 Eanáir 2016 lena leagtar síos uasleibhéil cheadaithe éilliúcháin radaighníomhaigh ar bhia agus ar bheatha tar éis tionóisc núicléach nó i ndiaidh aon cháis eile ina dtarlaíonn éigeandáil raideolaíoch, agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) Uimh. 3954/87 agus Rialacháin (Euratom) Uimh. 944/89 agus (Euratom) Uimh. 770/90 ón gCoimisiún (IO L 13, 20.1. 2016, lch. 2).

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1158 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2020 maidir leis na coinníollacha lena rialaítear allmhairí bia agus beatha de thionscnamh tríú tíortha tar éis na timpiste ag stáisiún cumhachta núicléiche Shearnóbail (IO L 257, 6.8.2020, lch. 1).

*TEIDEAL 13*

**AN CHOSAINT**

# TEIDEAL 13

# AN CHOSAINT

**Achoimre ghinearálta ar leithreasuithe (2024 agus 2023) agus ar an olltoradh (2022)**

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 13 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN TSLÁNDÁIL AGUS AN CHOSAINT' | 14 074 196 | 14 074 196 | 12 461 660 | 12 461 660 | 9 714 000,— | 9 714 000,— |
| | *Cúlchistí (30 02 01)* | | | *1 000 000* | *1 000 000* | | |
| | | 14 074 196 | 14 074 196 | 13 461 660 | 13 461 660 | 9 714 000,— | 9 714 000,— |
| 13 02 | AN CISTE EORPACH COSANTA (EDF) — ÁBHAR NACH TAIGHDE | 417 323 000 | 537 000 000 | 623 847 000 | 247 500 000 | 624 924 000,— | 353 145 126,71 |
| 13 03 | AN CISTE EORPACH COSANTA (EDF) — TAIGHDE | 208 356 372 | 201 000 000 | 311 106 981 | 156 000 000 | 312 738 621,— | 154 205 466,29 |
| 13 04 | AN TSOGHLUAISTEACHT MHÍLEATA | 249 640 880 | 260 000 000 | 293 470 661 | 130 000 000 | 230 067 893,— | 112 713 826,97 |
| 13 05 | CLÁR AN AONTAIS UM NASCACHT SHLÁN | 96 000 000 | 110 000 000 | p.m. | p.m. | | |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | | | *30 000 000* | *30 000 000* | | |
| | | 96 000 000 | 110 000 000 | 30 000 000 | 30 000 000 | | |
| 13 06 | IONSTRAIM UM THIONSCAL COSANTA NA HEORPA A ATREISIÚ TRÍ SHOLÁTHAR COMHOIBRÍOCH | 259 972 301 | 100 000 000 | p.m. | p.m. | | |
| 13 07 | AN IONSTRAIM UM AN TIONSCAL COSANTA A ATREISIÚ | 343 000 000 | 78 500 000 | p.m. | p.m. | | |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | | | *156 027 699* | | | |
| | | 343 000 000 | 78 500 000 | 156 027 699 | p.m. | | |
| 13 20 | TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | p.m. | 481 000 | p.m. | 1 375 000 | 0,— | 0,— |
| | **Teideal 13 — IOMLÁN** | **1 588 366 749** | **1 301 055 196** | **1 240 886 302** | **547 336 660** | **1 177 444 514,—** | **629 778 419,97** |
| | ***Cúlchistí (30 02 01, 30 02 02)*** | | | ***187 027 699*** | ***31 000 000*** | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | **1 588 366 749** | **1 301 055 196** | **1 427 914 001** | **578 336 660** | **1 177 444 514,—** | **629 778 419,97** |

# TEIDEAL 13

# AN CHOSAINT

## CAIBIDIL 13 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN TSLÁNDÁIL AGUS AN CHOSAINT'

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 13 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN TSLÁNDÁIL AGUS AN CHOSAINT' | | | | | |
| ***13 01 01*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste Eorpaigh Cosanta — Ábhar nach taighde*** | 5 | 2 500 000 | 2 600 000 | 2 430 000,— | 97,20 |
| ***13 01 02*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste Eorpaigh Cosanta — Taighde*** | | | | | |
| 13 01 02 01 | Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus le foireann shealadach a chuireann an Ciste Eorpach Cosanta chun feidhme — Taighde | 5 | 6 017 500 | 4 857 480 | 2 990 000,— | 49,69 |
| 13 01 02 02 | Pearsanra seachtrach a chuireann an Ciste Eorpach Cosanta chun feidhme — Taighde | 5 | 1 380 200 | 1 155 660 | 670 000,— | 48,54 |
| 13 01 02 03 | Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh an Chiste Eorpaigh Cosanta — Taighde | 5 | 2 450 000 | 2 133 500 | 1 948 000,— | 79,51 |
| | *Airteagal 13 01 02 — Fo-iomlán* | | 9 847 700 | 8 146 640 | 5 608 000,— | 56,95 |
| ***13 01 03*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh na soghluaisteachta míleata*** | | | | | |
| 13 01 03 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh na soghluaisteachta míleata | 5 | 771 496 | 728 280 | 714 000,— | 92,55 |
| 13 01 03 74 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol — Ranníocaíocht ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (Iompar) le haghaidh soghluaisteacht mhíleata | 5 | 955 000 | 986 740 | 962 000,— | 100,73 |
| | *Airteagal 13 01 03 — Fo-iomlán* | | 1 726 496 | 1 715 020 | 1 676 000,— | 97,08 |
| ***13 01 04*** | ***Caiteachas tacaíochta don ionstraim um thionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch*** | 5 | p.m. | p.m. | | |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 13 — AN CHOSAINT*

**CAIBIDIL 13 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN TSLÁNDÁIL AGUS AN CHOSAINT'** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ***13 01 05*** | ***Caiteachas tacaíochta don Ionstraim um an Tionscal Cosanta a Atreisiú*** | 5 | p.m. | p.m. | | |
| | *Cúlchistí (30 02 01)* | | | *1 000 000* | | |
| | | | p.m. | 1 000 000 | | |
| | **Caibidil 13 01 — IOMLÁN** | | **14 074 196** | **12 461 660** | **9 714 000,—** | **69,02** |
| | ***Cúlchistí (30 02 01)*** | | | ***1 000 000*** | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | | **14 074 196** | **13 461 660** | **9 714 000,—** | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas de chineál riaracháin (amhail staidéir, cruinnithe saineolaithe, agus faisnéis agus foilseacháin) atá nasctha go díreach le cuspóirí na gclár nó na mbeart a thagann faoin mbraisle seo a bhaint amach, agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

***13 01 01*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste Eorpaigh Cosanta — Ábhar nach taighde***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 500 000 | 2 600 000 | 2 430 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil seo a bhaineann le gné forbartha an Chiste Eorpaigh Cosanta.

**CAIBIDIL 13 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN TSLÁNDÁIL AGUS AN CHOSAINT'** *(Ar lean.)*

***13 01 01*** *(Ar lean.)*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 84 250 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 13 02.

***13 01 02*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste Eorpaigh Cosanta — Taighde***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin airteagal seo go gcumhdófar an caiteachas ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil seo a bhaineann le gné forbartha an Chiste Eorpaigh Cosanta.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 13 03.

13 01 02 01 Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus le foireann shealadach a chuireann an Ciste Eorpach Cosanta chun feidhme — Taighde

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 6 017 500 | 4 857 480 | 2 990 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus le foireann shealadach a chuireann an Ciste Eorpach Cosanta chun feidhme (Gné thaighde) agus ag a bhfuil poist ar na pleananna bunaíochta údaraithe a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí indíreacha faoin gciste.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 202 790 6 6 0 0 |

**CAIBIDIL 13 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN TSLÁNDÁIL AGUS AN CHOSAINT'** *(Ar lean.)*

***13 01 02*** *(Ar lean.)*

13 01 02 02 Pearsanra seachtrach a chuireann an Ciste Eorpach Cosanta chun feidhme — Taighde

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 380 200 | 1 155 660 | 670 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar phearsanra seachtrach a chuireann an Ciste Eorpach Cosanta chun feidhme (Gné thaighde) i bhfoirm gníomhaíochtaí indíreacha faoin gciste.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 46 513 6 6 0 0 |

13 01 02 03 Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh an Chiste Eorpaigh Cosanta — Taighde

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 450 000 | 2 133 500 | 1 948 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas riaracháin eile i dtaca le bainistíocht uile an Chiste Eorpaigh Cosanta (Gné thaighde) i bhfoirm gníomhaíochtaí indíreacha faoin gciste, lena n-áirítear caiteachas riaracháin eile arna thabhú ag foireann ag a bhfuil poist i dtoscaireachtaí an Aontais.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go gcumhdófar caiteachas ar staidéir, ar chruinnithe saineolaithe, ar fhaisnéis agus ar fhoilseacháin a bhíonn nasctha go díreach le cuspóirí an Chiste Eorpaigh Cosanta (Gné thaighde) nó na mbeart a thagann faoin mír seo a bhaint amach, agus aon chaiteachas eile ar chúnamh teicniúil agus riaracháin nach mbaineann le cúraimí údaráis phoiblí arna seachfhoinsiú ag an gCoimisiún faoi chonarthaí seirbhíse *ad hoc*.

Tá sé beartaithe leis freisin go gcumhdófar caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin a bhaineann leis an gCiste Eorpach Cosanta (Gné thaighde) nó leis na tionscadail a shainaithint, a ullmhú, a bhainistiú agus faireachán, iniúchadh agus maoirseacht a dhéanamh orthu, amhail comhdhálacha, aistriúcháin, ceardlanna, seimineáir, córais TF a fhorbairt agus a chothabháil agus trealamh TF a cheannach, misin, oiliúint agus speansais ionadaíochta. Tá sé beartaithe leis freisin go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le foirgnimh de chuid sheirbhísí an Choimisiúin a bhainistíonn an Ciste.

**CAIBIDIL 13 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN TSLÁNDÁIL AGUS AN CHOSAINT'** *(Ar lean.)*

***13 01 02*** *(Ar lean.)*

13 01 02 03 *(Ar lean.)*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 82 565 6 6 0 0 |

***13 01 03 Caiteachas tacaíochta le haghaidh na soghluaisteachta míleata***

13 01 03 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh na soghluaisteachta míleata

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 771 496 | 728 280 | 714 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin chun an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a chur chun feidhme agus ar na treoirlínte a bhaineann leis an earnáil go sonrach, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta lena n-áirítear córais teicneolaíochta agus faisnéise chorparáideacha. Féadfar an leithreasú seo a úsáid freisin chun bearta a mhaoiniú lena dtacófar le tionscadail nó bearta a ullmhú atá nasctha le cuspóirí na saoráide a bhaint amach.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 13 04.

13 01 03 74 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol — Ranníocaíocht ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (Iompar) le haghaidh soghluaisteacht mhíleata

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 955 000 | 986 740 | 962 000,— |

*Barúlacha*

Cuimsítear leis an leithreasú sin an ranníocaíocht chun go gcumhdófar an caiteachas riaracháin ar phearsanra agus an caiteachas oibríochtúil arna dhéanamh ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) de thoradh a rannpháirtíochta i mbainistiú na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (Iompar).

**CAIBIDIL 13 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN TSLÁNDÁIL AGUS AN CHOSAINT'** *(Ar lean.)*

***13 01 03*** *(Ar lean.)*

13 01 03 74 *(Ar lean.)*

Leagtar plean bunaíochta na Gníomhaireachta amach ina hIarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

*Bunús dlí*

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Féach Caibidil 13 04.

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2021) 947 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol d'fhonn na cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse an iompair agus an bhonneagair fuinnimh. taighde agus nuálaíocht um aeráid, fuinneamh agus soghluaisteacht; an comhshaol, an dúlra agus an bhithéagsúlacht; aistriú chuig teicneolaíochtaí ísealcharbóin; agus muirí agus iascaigh; lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus na leithreasuithe sin a eascraíonn as ioncam sannta seachtrach.

***13 01 04*** ***Caiteachas tacaíochta don ionstraim um thionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a thuairiscítear sa chaibidil sin a bhaineann leis an ionstraim um thionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA).

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 13 06.

**CAIBIDIL 13 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'AN TSLÁNDÁIL AGUS AN CHOSAINT'** *(Ar lean.)*

### *13 01 05 Caiteachas tacaíochta don Ionstraim um an Tionscal Cosanta a Atreisiú*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| 13 01 05 | p.m. | p.m. | |
| *Cúlchistí (30 02 01)* | | *1 000 000* | |
| IOMLÁN | p.m. | 1 000 000 | |

*Barúlacha*

*Airteagal nua*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil seo a bhaineann leis an ionstraim lena dtugtar tacaíocht airgeadais d'atreisiú tionsclaíoch chun táirgí cosanta ábhartha a tháirgeadh san Aontas, lena n-áirítear trína gcomhpháirteanna a sholáthar arna bhunú le Rialachán (AE) 2023/1525 maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP).

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 13 07.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 13 — AN CHOSAINT*

**CAIBIDIL 13 02 — AN CISTE EORPACH COSANTA (EDF) — ÁBHAR NACH TAIGHDE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 13 02 | AN CISTE EORPACH COSANTA (EDF) — ÁBHAR NACH TAIGHDE | | | | | | | | |
| ***13 02 01*** | ***Forbairt cumais*** | 5 | 417 323 000 | 519 000 000 | 623 847 000 | 167 500 000 | 624 924 000,— | 342 979 593,— | 66,08 |
| ***13 02 99*** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 13 02 99 01 | An Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta a chur i gcrích (EDIDP) (2019 go 2020) | 5 | p.m. | 18 000 000 | p.m. | 80 000 000 | 0,— | 10 165 533,71 | 56,48 |
| | *Airteagal 13 02 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 18 000 000 | p.m. | 80 000 000 | 0,— | 10 165 533,71 | 56,48 |
| | **Caibidil 13 02 — IOMLÁN** | | **417 323 000** | **537 000 000** | **623 847 000** | **247 500 000** | **624 924 000,—** | **353 145 126,71** | **65,76** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas de chineál oibríochtúil, amhail tionscadail chomhoibríocha, atá nasctha go díreach le cuspóirí an Chiste Eorpaigh Cosanta (EDF) agus an chiste a bhí ann roimhe, an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (EDIDP).

Go háirithe, le leithreasuithe faoin gcaibidil seo, tacófar le gníomhaíochtaí a fhorbairt – agus tuigtear gur céim forbartha táirgí agus teicneolaíochtaí nua a bheidh i gceist leis na gníomhaíochtaí sin nó táirgí atá ann cheana a uasghrádú – i réimse na cosanta. Is é sprioc EDF agus EDIDP araon, iomaíochas agus nuálaíocht bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta na hEorpa a chothú agus idir-inoibritheacht níos mó idir cumais na mBallstát a shroicheadh, agus ag rannchuidiú le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais dá bharr sin.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149).

**CAIBIDIL 13 02 — AN CISTE EORPACH COSANTA (EDF) — ÁBHAR NACH TAIGHDE** *(Ar lean.)*

## *13 02 01 Forbairt cumais*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 417 323 000 | 519 000 000 | 623 847 000 | 167 500 000 | 624 924 000,— | 342 979 593,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an cistiú a shamhlaítear faoi EDF i dtaca le tionscadail chomhoibríocha forbartha táirgí agus teicneolaíochtaí a bheidh comhsheasmhach le tosaíochtaí maidir le cumais chosanta arna gcomhaontú go comhchoiteann ag na Ballstáit faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála, rud lena rannchuideofar le héifeachtúlacht níos fearr i dtaca le caiteachas cosanta laistigh den Aontas, agus lena mbainfear amach barainneachtaí scála níos mó, lena laghdófar riosca na dúbailte nach gá agus, mar sin, lena laghdófar ilroinnt táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta ar fud an Aontais.

Le EDF, soláthraítear tacaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí lena gcumhdófar idir tháirgí agus teicneolaíochtaí nua agus uasghrádú táirgí agus teicneolaíochtaí atá ann cheana, i gcás nach mbeidh úsáid na faisnéise atá ann cheana is gá chun an t-uasghrádú a dhéanamh faoi réir srianadh, go díreach nó go hindíreach, ó thríú tíortha neamhchomhlachaithe ná ó eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe. Bainfidh gníomhartha incháilithe le ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

— gníomhaíochtaí arb é is aidhm leo a bheith mar bhonn taca faoi eolas, táirgí agus teicneolaíochtaí, lena n-áirítear teicneolaíochtaí bunathraitheacha, lenar féidir éifeachtaí suntasacha a bhaint amach i réimse na cosanta, agus an t-eolas, na táirgí agus teicneolaíochtaí sin a chruthú agus a neartú agus feabhas a chur orthu,

— gníomhaíochtaí arb é is aidhm leo idir-inoibritheacht agus athléimneacht a mhéadú, lena n-áirítear táirgeadh agus malartú slán sonraí, chun ardchumas a bhaint amach i ndáil le teicneolaíochtaí cosanta criticiúla, chun slándáil an tsoláthair a neartú nó chun saothrú éifeachtach torthaí a chumasú ar mhaithe le táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta,

— staidéir, amhail staidéir féidearthachta chun iniúchadh a dhéanamh ar indéantacht teicneolaíochtaí, táirgí, próiseas, seirbhísí agus réiteach, idir chinn nua agus chinn fheabhsaithe,

— dearadh táirge cosanta, comhpháirte cosanta inláimhsithe nó doláimhsithe nó teicneolaíochta cosanta, mar aon leis an sainmhíniú ar na sonraíochtaí teicniúla ar a mbonn forbraíodh an dearadh sin agus lena bhféadfar tástálacha páirteacha a áireamh orthu chun riosca a laghdú i dtimpeallacht thionsclaíoch nó ionadaíoch,

— forbairt múnla de tháirge cosanta, de chomhpháirt chosanta inláimhsithe nó dholáimhsithe nó de theicneolaíocht chosanta, lenar féidir feidhmiú na heiliminte a léiriú i dtimpeallacht oibríochtúil (córas fréamhshamhaltaithe),

— tástáil táirge cosanta, comhpháirte cosanta inláimhsithe nó doláimhsithe nó teicneolaíochta cosanta,

— cáiliú táirge cosanta, comhpháirte cosanta inláimhsithe nó doláimhsithe nó teicneolaíochta cosanta,

— deimhniú táirge cosanta, comhpháirte cosanta inláimhsithe nó doláimhsithe nó teicneolaíochta cosanta,

— forbairt teicneolaíochtaí nó sócmhainní lena méadaítear éifeachtúlacht thar shaolré táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta.

**CAIBIDIL 13 02 — AN CISTE EORPACH COSANTA (EDF) — ÁBHAR NACH TAIGHDE** *(Ar lean.)*

***13 02 01*** *(Ar lean.)*

Leis an leithreasú seo, féadfar caiteachas a chumhdach freisin atá nasctha le hobair saineolaithe neamhspleácha arna gceapadh ag an gCoimisiún chun cúnamh a thabhairt leis an meastóireacht ar thograí agus chun comhairle nó cúnamh a thabhairt leis an bhfaireachán ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a dhéantar. Thairis sin, féadfar an leithreasú seo a úsáid chun eagrú gníomhaíochtaí scaipthe, imeachtaí meaitseála agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta a chistiú, go háirithe d'fhonn slabhraí soláthair a oscailt chun rannpháirtíocht trasteorann FBManna a chothú.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 14 063 785 6 6 0 0 |

***13 02 99*** ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin airteagal seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

13 02 99 01 An Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta a chur i gcrích (EDIDP) (2019 go 2020)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 18 000 000 | p.m. | 80 000 000 | 0,— | 10 165 533,71 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2018/1092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta lena ndírítear ar thacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais (IO L 200, 7.8.2018, lch. 30).

**CAIBIDIL 13 03 — AN CISTE EORPACH COSANTA (EDF) — TAIGHDE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 13 03 | AN CISTE EORPACH COSANTA (EDF) — TAIGHDE | | | | | | | | |
| ***13 03 01*** | ***Taighde cosanta*** | 5 | 208 356 372 | 201 000 000 | 311 106 981 | 156 000 000 | 312 738 621,— | 154 205 466,29 | 76,72 |
| | **Caibidil 13 03 — IOMLÁN** | | **208 356 372** | **201 000 000** | **311 106 981** | **156 000 000** | **312 738 621,—** | **154 205 466,29** | **76,72** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas de chineál oibriúcháin, amhail tionscadail taighde chomhoibríocha, gníomhaíochtaí taighde i dteicneolaíochtaí cosanta bunathraitheacha agus gníomhaíochtaí tacaíochta i réimse an taighde cosanta.

Is é cuspóir an Chiste Eorpaigh Cosanta (EDF) le haghaidh an cholúin don taighde go dtacófar le taighde comhoibríoch a d'fhéadfadh borradh suntasach a chur faoi fheidhmiú na gcumas cosanta amach anseo ar fud an Aontais, lena ndíreofar ar an nuálaíocht a uasmhéadú agus táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta nua a thabhairt isteach, lena n-áirítear táirgí agus teicneolaíochtaí bunathraitheacha, agus leis an úsáid is éifeachtúla a bhaint as caiteachas ar thaighde i gcúrsaí cosanta san Aontas.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149).

### *13 03 01 Taighde cosanta*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 208 356 372 | 201 000 000 | 311 106 981 | 156 000 000 | 312 738 621,— | 154 205 466,29 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí taighde EDF le haghaidh tionscadail taighde chomhoibríocha, gníomhaíochtaí taighde i dteicneolaíochtaí cosanta bunathraitheacha agus gníomhaíochtaí tacaíochta arb é is aidhm leo eolas a chruthú nó feabhas a chur ar eolas i réimse na cosanta.

**CAIBIDIL 13 03 — AN CISTE EORPACH COSANTA (EDF) — TAIGHDE** *(Ar lean.)*

***13 03 01*** *(Ar lean.)*

Le EDF, soláthraítear tacaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí lena gcumhdófar idir tháirgí agus teicneolaíochtaí nua agus uasghrádú táirgí agus teicneolaíochtaí atá ann cheana, i gcás nach mbeidh úsáid na faisnéise atá ann cheana is gá chun an t-uasghrádú a dhéanamh faoi réir srianadh, go díreach nó go hindíreach, ó thríú tíortha neamhchomhlachaithe ná ó eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe. Bainfidh gníomhartha incháilithe le ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

— gníomhaíochtaí arb é is aidhm leo a bheith mar bhonn taca faoi eolas, táirgí agus teicneolaíochtaí, lena n-áirítear teicneolaíochtaí bunathraitheacha, lenar féidir éifeachtaí suntasacha a bhaint amach i réimse na cosanta, agus an t-eolas, na táirgí agus teicneolaíochtaí sin a chruthú agus a neartú agus feabhas a chur orthu,

— gníomhaíochtaí arb é is aidhm leo idir-inoibritheacht agus athléimneacht a mhéadú, lena n-áirítear táirgeadh agus malartú slán sonraí, chun ardchumas a bhaint amach i ndáil le teicneolaíochtaí cosanta criticiúla, chun slándáil an tsoláthair a neartú nó chun saothrú éifeachtach torthaí a chumasú le haghaidh táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta,

— staidéir, amhail staidéir féidearthachta chun iniúchadh a dhéanamh ar indéantacht teicneolaíochtaí, táirgí, próiseas, seirbhísí agus réiteach, idir chinn nua agus chinn fheabhsaithe, lena n-áirítear i réimse na cibearchosanta agus na cibearshlándála,

— dearadh táirge cosanta, comhpháirte cosanta inláimhsithe nó doláimhsithe nó teicneolaíochta cosanta, mar aon leis an sainmhíniú ar na sonraíochtaí teicniúla ar forbraíodh an dearadh sin dá réir agus lena bhféadfar tástálacha páirteacha a áireamh orthu chun riosca a laghdú i dtimpeallacht thionsclaíoch nó ionadaíoch,

— forbairt múnla de tháirge cosanta, de chomhpháirt chosanta inláimhsithe nó dholáimhsithe nó de theicneolaíocht chosanta, lenar féidir feidhmiú na heiliminte a léiriú i dtimpeallacht oibríochtúil (córas fréamhshamhaltaithe),

— tástáil táirge cosanta, comhpháirte cosanta inláimhsithe nó doláimhsithe nó teicneolaíochta cosanta,

— cáiliú táirge cosanta, comhpháirte cosanta inláimhsithe nó doláimhsithe nó teicneolaíochta cosanta,

— deimhniú táirge cosanta, comhpháirte cosanta inláimhsithe nó doláimhsithe nó teicneolaíochta cosanta,

— forbairt teicneolaíochtaí nó sócmhainní lena méadaítear éifeachtúlacht thar shaolré táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta.

Leis an leithreasú seo, féadfar caiteachas a chumhdach freisin atá nasctha le hobair saineolaithe neamhspleácha chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún leis an meastóireacht ar thograí agus chun comhairle nó cúnamh a thabhairt leis an bhfaireachán ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí cistithe. Thairis sin, féadfar an leithreasú seo a úsáid chun eagrú gníomhaíochtaí scaipthe, imeachtaí meaitseála agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta a chistiú, go háirithe d'fhonn slabhraí soláthair a oscailt chun rannpháirtíocht trasteorann FBManna a chothú.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| CSTE-LEE | 7 021 610 | 6 | 6 | 0 | 0 |

**CAIBIDIL 13 04 — AN TSOGHLUAISTEACHT MHÍLEATA**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 13 04 | AN TSOGHLUAISTEACHT MHÍLEATA | | | | | | | | |
| ***13 04 01*** | ***An tsoghluaisteacht mhíleata*** | 5 | 249 640 880 | 260 000 000 | 293 470 661 | 130 000 000 | 230 067 893,— | 112 713 826,97 | 43,35 |
| | **Caibidil 13 04 — IOMLÁN** | | **249 640 880** | **260 000 000** | **293 470 661** | **130 000 000** | **230 067 893,—** | **112 713 826,97** | **43,35** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachais arb é is aidhm leo líonra TEN-T a oiriúnú do cheanglais ó thaobh na soghluaisteachta míleata de.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249,14.7.2021, lch. 38).

*Gníomhartha tagartha*

Riachtanais Mhíleata le haghaidh na Soghluaisteachta Míleata laistigh den Aontas Eorpach agus lasmuigh de (ST 11373/19).

### *13 04 01 An tsoghluaisteacht mhíleata*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 249 640 880 | 260 000 000 | 293 470 661 | 130 000 000 | 230 067 893,— | 112 713 826,97 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le feabhas a chur ar an tsoghluaisteacht mhíleata ar fud an Aontais agus na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith i gceist ar mhaithe leis an gcosaint shibhialta á gcur san áireamh tríd an deis a thapú chun sineirgí a mhéadú idir riachtanais ó thaobh na cosanta de agus croíghréasán TEN-T agus gréasáin chuimsitheacha mar a shainmhínítear le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013.

**CAIBIDIL 13 04 — AN TSOGHLUAISTEACHT MHÍLEATA** *(Ar lean.)*

***13 04 01*** *(Ar lean.)*

Cuirfear an cuspóir sin chun feidhme go príomha trí ghlaonna ar thograí faoi chláir oibre ilbhliantúla, lena gcuimseofar cinntí maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais. Cuirfear cistiú ar fáil le haghaidh ranna nó nóid a shainaithneoidh na Ballstáit sna hIarscríbhinní a ghabhann leis na 'Riachtanais Mhíleata maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata laistigh den Aontas Eorpach agus lasmuigh de' arna nglacadh ag an gComhairle an 15 Iúil 2019 nó in aon doiciméad ina dhiaidh arna ghlacadh dá éis sin a mhéid a bheidh na ranna nó na nóid sin ina gcuid de chroíghréasán TEN-T agus dá ghréasáin chuimsitheacha freisin agus in aon liosta táscach thairis sin de thionscadail tosaíochta a fhéadfaidh na Ballstáit a shainaithint.

**CAIBIDIL 13 05 — CLÁR AN AONTAIS UM NASCACHT SHLÁN**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 13 05 | CLÁR AN AONTAIS UM NASCACHT SHLÁN | | | | | | | |
| ***13 05 01*** | ***Clár an Aontais um Nascacht Shlán — Ranníocaíocht ó Cheannteideal 5*** | 5 | 96 000 000 | 110 000 000 | p.m. | p.m. | | |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | | | | *30 000 000* | *30 000 000* | | |
| | | | 96 000 000 | 110 000 000 | 30 000 000 | 30 000 000 | | |
| | **Caibidil 13 05 — IOMLÁN** | | **96 000 000** | **110 000 000** | **p.m.** | **p.m.** | | |
| | ***Cúlchistí (30 02 02)*** | | | | ***30 000 000*** | ***30 000 000*** | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | | **96 000 000** | **110 000 000** | **30 000 000** | **30 000 000** | | |

*Barúlacha*

Is é cuspóir ginearálta Chlár an Aontais um Nascacht Shlán rochtain dhomhanda ar sheirbhísí slána cumarsáide satailíte rialtais a áirithiú le haghaidh cosaint bonneagar criticiúil, faireachais, gníomhaíochtaí seachtracha agus bainistiú géarchéime. Is é is cuspóir dó freisin deis a thabhairt don earnáil phríobháideach seirbhísí tráchtála a sholáthar chun infhaighteacht leathanbhanda ardluais agus nascacht gan uaim a chumasú ar fud na hEorpa, lena gcuirtear deireadh le limistéir mharbha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 (IO L 79, 17.3.2023, lch. 1).

***13 05 01 Clár an Aontais um Nascacht Shlán — Ranníocaíocht ó Cheannteideal 5***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 13 05 01 | 96 000 000 | 110 000 000 | p.m. | p.m. | |
| *Cúlchistí (30 02 02)* | | | *30 000 000* | *30 000 000* | |
| IOMLÁN | 96 000 000 | 110 000 000 | 30 000 000 | 30 000 000 | |

**CAIBIDIL 13 05 — CLÁR AN AONTAIS UM NASCACHT SHLÁN** *(Ar lean.)*

***13 05 01*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Is é cuspóir ginearálta Chlár an Aontais um Nascacht Shlán córas nascachta spásbhunaithe a bhunú atá slán agus uathrialaitheach chun seirbhísí cumarsáide satailíte ráthaithe agus athléimneacha a sholáthar.

Féadfaidh an Clár ranníocaíochtaí airgeadais breise nó ranníocaíochtaí comhchineáil a fháil ó na foinsí seo a leanas: (a) Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid an Aontais; (b) na Ballstáit; (c) tríú tíortha atá rannpháirteach sa Chlár; (d) an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis nó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile i gcomhréir le comhaontuithe ábhartha.

**CAIBIDIL 13 06 — IONSTRAIM UM THIONSCAL COSANTA NA HEORPA A ATREISIÚ TRÍ SHOLÁTHAR COMHOIBRÍOCH**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 13 06 | IONSTRAIM UM THIONSCAL COSANTA NA HEORPA A ATREISIÚ TRÍ SHOLÁTHAR COMHOIBRÍOCH | | | | | | | |
| ***13 06 01*** | ***Ionstraim um thionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch*** | 5 | 259 972 301 | 100 000 000 | p.m. | p.m. | | |
| | **Caibidil 13 06 — IOMLÁN** | | **259 972 301** | **100 000 000** | **p.m.** | **p.m.** | | |

*Barúlacha*

Tá na cuspóirí seo a leanas agan ionstraim um thionscal cosanta na heorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA):

— iomaíochas agus éifeachtúlacht Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) a chothú, lena n-áirítear FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, ar mhaithe le hAontas atá níos athléimní agus níos sláine, go háirithe trí dhlús a chur, ar bhealach comhoibríoch, le coigeartú an tionscail d'athruithe struchtúracha, lena n-áirítear trína acmhainneachtaí monaraíochta a chruthú agus borradh a chur fúthu agus slabhraí soláthair le haghaidh comhar trasteorann a oscailt ar fud an Aontais, ar an gcaoi sin ligfear do EDTIB na táirgí cosanta a theastaíonn ó na Ballstáit a chur ar fáil;

— comhar a chothú sna próisis soláthair cosanta idir na Ballstáit rannpháirteacha chun rannchuidiú leis an dlúthpháirtíocht, éifeachtaí plódaithe amach a chosc, éifeachtacht an chaiteachais phoiblí a mhéadú agus ilroinnt iomarcach a laghdú, as a dtiocfaidh méadú i ndeireadh na dála ar chaighdeánú na gcóras cosanta agus idir-inoibritheacht níos fearr idir cumais na mBallstát, agus iomaíochas agus éagsúlacht na dtáirgí atá ar fáil do na Ballstáit agus sa slabhra soláthair á gcaomhnú ag an am céanna.

Saothrófar na cuspóirí agus béim á leagan ar EDTIB a neartú agus a fhorbairt ar fud an Aontais ionas go mbeidh sé in ann aghaidh a thabhairt, go háirithe, ar na riachtanais is práinní agus is criticiúla maidir le táirgí cosanta, go háirithe na riachtanais sin a léiríodh nó a méadaíodh mar gheall ar an bhfreagairt ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, mar shampla táirgí cosanta a loingsiú chuig an Úcráin, agus cuspóirí an Chompáis Straitéisigh um Shlándáil agus Cosaint á gcur san áireamh, agus aird á tabhairt ar obair an Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach Cosanta.

**CAIBIDIL 13 06 — IONSTRAIM UM THIONSCAL COSANTA NA HEORPA A ATREISIÚ TRÍ SHOLÁTHAR COMHOIBRÍOCH** *(Ar lean.)*

I gcomhréir le hAirteagail 21, 22 agus 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a threisiú trí sholáthar coiteann (EDIRPA) (IO L, 2023/2418, 26.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2418/oj).

### *13 06 01 Ionstraim um thionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 259 972 301 | 100 000 000 | p.m. | p.m. | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar:gníomhaíochtaí de chineál oibríochtúil, gníomhaíochtaí a bhfuil baint dhíreach acu le cuspóirí na hionstaime um thionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) a bhaint amach.

Go sonrach, leis an tacaíocht airgeadais ón Aontas agus na gníomhaíochtaí a thugtar trí EDIRPA, spreagtar soláthar comhoibríoch (a shainítear mar comhoibritheach arna chur i gcrích go comhpháirteach le trí bhallstát ar a laghad) ag na Ballstáit agus tríú tíortha comhlachaithe agus téann siad chun tairbhe EDTIB, agus cumas fhórsaí armtha Bhallstáit gníomhú, slándáil an tsoláthair agus idir-inoibritheacht mhéadaithe á n-áirithiú ag an am céanna.

**CAIBIDIL 13 07 — AN IONSTRAIM UM AN TIONSCAL COSANTA A ATREISIÚ**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 13 07 | AN IONSTRAIM UM AN TIONSCAL COSANTA A ATREISIÚ | | | | | | | | |
| ***13 07 01*** | ***An Ionstraim um an Tionscal Cosanta a Atreisiú*** | 5 | 343 000 000 | 78 500 000 | p.m. | p.m. | | | |
| | *Cúlchistí (30 02 02)* | | | | *156 027 699* | | | | |
| | | | 343 000 000 | 78 500 000 | 156 027 699 | p.m. | | | |
| | **Caibidil 13 07 — IOMLÁN** | | **343 000 000** | **78 500 000** | **p.m.** | **p.m.** | | | |
| | ***Cúlchistí (30 02 02)*** | | | | ***156 027 699*** | | | | |
| | ***Iomlán lena n-áirítear cúlchistí*** | | **343 000 000** | **78 500 000** | **156 027 699** | **p.m.** | | | |

*Barúlacha*

*Caibidil nua*

Is é is aidhm don Ionstraim a bunaíodh le Rialachán (AE) 2023/1525 freagrúlacht agus cumas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) a neartú chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta san Aontas a áirithiú. Baineann na príomhchuspóirí seo a leanas léi, a shaothrófar trína dhá colún chun tacú le treisiú tionsclaíoch, iomaíochas agus athléimneacht EDTIB, go háirithe trí infheistíochtaí in acmhainneachtaí monaraíochta na dtáirgí cosanta ábhartha, trí chomhpháirtíochtaí tionsclaíocha trasteorann agus trí chomhar idir cuideachtaí ábhartha i gcomhiarracht tionscail;

I gcomhréir le hAirteagail 21, 22 agus 24 den Rialachán Airgeadais, i gcás ina n-aontaíonn tíortha CSTE LEE a bheith rannpháirteach, eascraíonn soláthar na leithreasuithe comhfhreagracha agus a gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo as na ranníocaíochtaí a fhaightear uathu as páirt a ghlacadh i gCláir an Aontais, agus as aon ioncam sannta eile, arna iontráil sa ráiteas ioncaim.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2023/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) (IO L 185, 24.7.2023, lch. 7).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 13 — AN CHOSAINT*

**CAIBIDIL 13 07 — AN IONSTRAIM UM AN TIONSCAL COSANTA A ATREISIÚ** *(Ar lean.)*

### *13 07 01* *An Ionstraim um an Tionscal Cosanta a Atreisiú*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 13 07 01 | 343 000 000 | 78 500 000 | p.m. | p.m. | | |
| *Cúlchistí (30 02 02)* | | | *156 027 699* | | | |
| IOMLÁN | 343 000 000 | 78 500 000 | 156 027 699 | p.m. | | |

*Barúlacha*

*Airteagal nua*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí de chineál oibríochtúil, agus níos sonraí ná sin, gníomhaíochtaí a bhaineann go díreach le baint amach chuspóirí na hIonstraime a bunaíodh le Rialachán (AE) 2023/152.

Le tacaíocht airgeadais agus gníomhaíochtaí an Aontais a thugtar leis an Ionstraim sin, cuirfear borradh go háirithe faoi acmhainneachtaí táirgeachta Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) agus éascófar infheistíocht ar fud an tslabhra soláthair. Beidh sé ina cuidiú leis an aga táirgthe a laghdú maidir leis na táirgí cosanta ábhartha a tháirgeadh agus, san am céanna, éascófar infheistíocht chun go mbeidh EDTIB in ann níos mó a tháirgeadh agus ar bhealach níos tapa. Spreagfar leis athléimneacht EDTIB freisin trí chomhpháirtíochtaí tionsclaíocha trasteorann agus trí chomhar idir cuideachtaí ábhartha i gcomhiarracht tionscail.

**CAIBIDIL 13 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 13 20 | TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | | | | | | | | |
| ***13 20 02*** | ***Gníomhaíochtaí ullmhúcháin*** | 5 | p.m. | 481 000 | p.m. | 1 375 000 | 0,— | 0,— | |
| | **Caibidil 13 20 — IOMLÁN** | | **p.m.** | **481 000** | **p.m.** | **1 375 000** | **0,—** | **0,—** | |

### *13 20 02 Gníomhaíochtaí ullmhúcháin*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 481 000 | p.m. | 1 375 000 | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go maoineofar cur chun feidhme gníomhaíochtaí ullmhúcháin i raon feidhme CFAE agus Chonradh Euratom, arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn gníomhaíochtaí a ghlacadh amach anseo.

Leagtar liosta na ngníomhaíochtaí ullmhúcháin amach san Iarscríbhinn 'Treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin' a ghabhann leis an roinn seo, faoi Chaibidil PA 13.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 58(2), pointe (b), de.

COIMISIÚN

*TEIDEAL 14*

## GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH

# TEIDEAL 14

# GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH

**Achoimre ghinearálta ar leithreasuithe (2024 agus 2023) agus ar an olltoradh (2022)**

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 14 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE ‘GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEACHTRACHA’ | 356 166 017 | 356 166 017 | 350 470 099 | 350 470 099 | 319 992 947,14 | 319 992 947,14 |
| 14 02 | AN IONSTRAIM UM CHOMHARSA-NACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA) | 11 184 300 886 | 10 424 213 538 | 11 915 621 827 | 8 608 567 532 | 12 283 040 885,50 | 8 007 972 489,49 |
| 14 03 | CABHAIR DHAONNÚIL | 1 898 696 662 | 1 885 365 968 | 1 765 032 967 | 1 822 404 500 | 2 430 129 552,04 | 2 386 113 361,92 |
| 14 04 | COMHBHEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA | 383 013 881 | 383 013 881 | 371 216 857 | 380 000 000 | 361 145 935,— | 382 991 505,— |
| 14 05 | TÍORTHA AGUS CRÍOCHA THAR LEAR | 70 046 868 | 70 260 000 | 68 663 812 | 57 910 000 | 67 617 404,— | 28 699 947,— |
| 14 06 | AN IONSTRAIM EORPACH UM CHOMHAR IDIRNÁISIÚNTA MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT NÚICLÉACH (ICSN) | 40 222 362 | 25 531 331 | 38 403 525 | 30 577 180 | 37 064 470,— | 14 902 602,72 |
| 14 07 | CÚNAMH MACRAIRGEADAIS PLUS DON ÚCRÁIN (MFA+) | 5 000 000 | 5 000 000 | p.m. | p.m. | — | — |
| 14 20 | TREOIRTHIONSCA-DAIL, RÉAMHBHEARTA, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | 176 093 291 | 166 985 304 | 171 398 918 | 154 381 008 | 144 696 761,10 | 127 372 043,39 |
| | **Teideal 14 — IOMLÁN** | **14 113 539 967** | **13 316 536 039** | **14 680 808 005** | **11 404 310 319** | **15 643 687 954,78** | **11 268 044 896,66** |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 14 — GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH*

# TEIDEAL 14

# GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH

## CAIBIDIL 14 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEACHTRACHA'

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 14 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEACHTRACHA' | | | | | |
| ***14 01 01*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — an Eoraip Dhomhanda (ICFCI — an Eoraip Dhomhanda)*** | | | | | |
| 14 01 01 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — an Eoraip Dhomhanda | 6 | 332 935 639 | 328 660 146 | 299 551 605,78 | 89,97 |
| 14 01 01 75 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr — Ranníocaíocht ón Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — An Eoraip Dhomhanda | 6 | 6 652 789 | 6 488 340 | 6 144 641,— | 92,36 |
| | *Airteagal 14 01 01 — Fo-iomlán* | | 339 588 428 | 335 148 486 | 305 696 246,78 | 90,02 |
| ***14 01 02*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh cabhair dhaonnúil*** | 6 | 12 007 818 | 11 830 950 | 11 644 919,08 | 96,98 |
| ***14 01 03*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála*** | 6 | 1 650 000 | 600 000 | 582 822,40 | 35,32 |
| ***14 01 04*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh tíortha agus críocha thar lear*** | 6 | 1 382 133 | 1 364 188 | 611 373,03 | 44,23 |
| ***14 01 05*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh na hIonstraime Eorpaí um Chomhar Idirnáisiúnta maidir le Sábháilteacht Núicléach (ICSN)*** | 6 | 1 537 638 | 1 526 475 | 1 457 585,85 | 94,79 |
| ***14 01 06*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chúnaimh Macrairgeadais Plus don Úcráin (MFA+)*** | 6 | p.m. | p.m. | | |
| | **Caibidil 14 01 — IOMLÁN** | | **356 166 017** | **350 470 099** | **319 992 947,14** | **89,84** |

**CAIBIDIL 14 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEACHTRACHA'** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 2, pointe (64), agus Airteagal 47(4) pointe (d), den Rialachán Airgeadas, tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas ar phearsanra seachtrach agus ar chúnamh teicniúil atá nasctha go díreach le cur chun feidhme na gclár faoin teideal seo. Áirítear le 'cúnamh teicniúil' tacaíocht agus gníomhaíochtaí um acmhainní a fhothú is gá chun clár nó gníomhaíocht a chur chun feidhme, gníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faireacháin, meastóireachta, iniúchta agus rialaithe go háirithe.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, as ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar na leithreasuithe comhfhreagracha agus a gcur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***14 01 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — an Eoraip Dhomhanda (ICFCI — an Eoraip Dhomhanda)***

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil seo, tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go sonrach go gcumhdófar, caiteachas tacaíochta chun an Ionstraim a chur chun feidhme mar aon lena cuspóirí a bhaint amach, lena n-áirítear tacaíocht riaracháin atá bainteach leis na gníomhaíochtaí ullmhúcháin, leantacha, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta is gá le haghaidh an chuir chun feidhme sin, mar aon le caiteachas ag ceanncheathrú lárnach agus toscaireachtaí an Aontais le haghaidh na tacaíochta riaracháin agus comhordúcháin is gá i gcomhair an chláir, agus chun oibríochtaí a mhaoinítear faoin Rialachán sin a bhainistiú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, agus córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha.

I gcás nach n-áireofar caiteachas tacaíochta i bpleananna gníomhaíochta ná i mbearta de chuid ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, i gcás inarb infheidhme, féadfar an méid seo a leanas a chumhdach le bearta tacaíochta:

— staidéir, cruinnithe, córais faisnéise, múscailt feasachta, oiliúint, ullmhúchán agus malartú ceachtanna a foghlaimíodh agus dea-chleachtas, gníomhaíochtaí foilsithe agus aon chaiteachas eile ar riarachán nó ar chúnamh teicniúil is gá chun gníomhaíochtaí a chlársceidealú agus a bhainistiú, lena n-áirítear saineolaithe seachtracha a íoctar,

— gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta agus staidéir ar shaincheisteanna ábhartha agus a scaipeadh sin,

— caiteachas a bhaineann le soláthar faisnéise agus gníomhaíochtaí cumarsáide, lena n-áirítear straitéisí cumarsáide a fhorbairt.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 14 — GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH*

**CAIBIDIL 14 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEACHTRACHA'** *(Ar lean.)*

***14 01 01*** *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 14 02.

14 01 01 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — an Eoraip Dhomhanda

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 332 935 639 | 328 660 146 | 299 551 605,78 |

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil seo, tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go sonrach go gcumhdófar:

— caiteachas ar phearsanra seachtrach sa cheanncheathrú lárnach (foireann ar conradh, saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó foireann na gníomhaireachta) atá beartaithe seilbh a ghlacadh ar na cúraimí a tugadh d'oifigí cúnaimh theicniúil roimhe seo a céimníodh amach nó a rinneadh faoin gCiste Eorpach Forbraíochta; cumhdaítear leis sin pá na foirne lena mbaineann agus an costas breise a bhaineann le hoiliúint, cruinnithe, misin, teicneolaíocht faisnéise, teileachumarsáid agus costais eile a bhaineann leis an bpearsanra seachtrach a mhaoinítear faoin mír seo,

— caiteachas ar phearsanra seachtrach i dtoscaireachtaí an Aontais (foireann ar conradh, foireann áitiúil nó saineolaithe náisiúnta ar iasacht) chun cláir a bhainistiú ar bhonn díláraithe i dtoscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha, lena n-áirítear cúraimí a tugadh roimhe seo d'oifigí cúnaimh theicniúil atá céimnithe amach agus/nó a rinneadh faoin gCiste Eorpach Forbraíochta; cumhdaítear leis sin pá na foirne lena mbaineann agus an costas breise a bhaineann le hoiliúint, cruinnithe, misin, teicneolaíocht faisnéise agus teileachumarsáide agus costais eile a bhaineann go díreach le pearsanra seachtrach a mhaoinítear faoin mír seo a bheith i láthair i dtoscaireachtaí, lena n-áirítear costais lóistíochtúla agus bonneagair e.g. lóistín a fháil ar cíos.

14 01 01 75 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr — Ranníocaíocht ón Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — An Eoraip Dhomhanda

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 6 652 789 | 6 488 340 | 6 144 641,— |

***14 01 01*** *(Ar lean.)*

14 01 01 75 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais oibriúcháin na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr a tabhaíodh de thoradh chur chun feidhme dhiminsean idirnáisiúnta chlár Erasmus+ a mhaoinítear trí ICFCI — an Eoraip Dhomhanda (Ceannteideal 6) a cuireadh ar iontaoibh na Gníomhaireachta agus chun cur i gcrích na gclár a bhí ann roimhe sin a chumhdach.

Leagtar plean bunaíochta na Gníomhaireachta amach san Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 238 170 | 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 245 422 | 6 5 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/776/AE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 lena mbunaítear 'an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir' agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/336/CE (IO L 343, 19.12.2013, lch. 46).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 1).

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2021) 951 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr d'fhonn cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse an oideachais, an chlosamhairc agus an chultúir, na saoránachta agus na dlúthpháirtíochta, lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

### 14 01 02 *Caiteachas tacaíochta le haghaidh cabhair dhaonnúil*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 12 007 818 | 11 830 950 | 11 644 919,08 |

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil seo, tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go sonrach go gcumhdófar:

— caiteachas ar phearsanra le haghaidh pearsanra seachtrach sa cheanncheathrú lárnach (foireann ar conradh, saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó foireann gníomhaireachta) chun cláir a bhainistiú i dtríú tíortha atá beartaithe seilbh a ghlacadh ar na cúraimí a cuireadh ar iontaoibh conraitheoirí seachtracha roimhe seo a raibh riaradh saineolaithe aonair á láimhseáil acu; cumhdaítear leis sin pá na foirne lena mbaineann agus an costas breise a bhaineann le hoiliúint, cruinnithe, misin, teicneolaíocht faisnéise, teileachumarsáid agus costais eile a bhaineann leis an bpearsanra seachtrach a mhaoinítear faoin airteagal seo,

— caiteachas cúnaimh theicniúil a bhaineann le slándáil a cheannach agus a chothabháil, mar aon le huirlisí speisialaithe TFC agus seirbhísí teicniúla is gá chun an Lárionad Freagartha Éigeandála a bhunú agus a fheidhmiú. Beidh an lárionad sin ('seomra géarchéime') ag feidhmiú ar bhonn 24 uair an chloig agus freagrach as freagairt an Aontais i gcás tubaistí sibhialta a chomhordú, go háirithe chun comhsheasmhacht iomlán agus comhar éifeachtúil idir cabhair dhaonnúil agus cosaint shibhialta,

— Caiteachas a bhaineann le TF lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise chorparáideach.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 25 000 | 6 5 0 1 |

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 14 03.

### 14 01 03 *Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 650 000 | 600 000 | 582 822,40 |

**CAIBIDIL 14 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEACHTRACHA'** *(Ar lean.)*

***14 01 03*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil seo, Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar freisin go sonrach cúnamh teicniúil, a bhféadfaidh an Coimisiún é a tharmligean chuig gníomhaireacht cur chun feidhme a rialaítear le dlí an Aontais. Cumhdaítear leis sin na costais a bhaineann leis an uasghrádú agus leis an gcothabháil ar 'Liosta na smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe comhdhlúite leictreonacha (ríomhsheirbhísí-CTFSL)' is gá le haghaidh chur i bhfeidhm na smachtbhannaí airgeadais a chuirtear i bhfeidhm chun cuspóirí sonracha CBES, a leagtar amach in CAE, an ardáin tacaíochta misin agus na mbeart leantach a bhaint amach.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| Ioncam sannta eile | 705 164 6 5 0 2 |

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 14 04.

***14 01 04*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh tíortha agus críocha thar lear***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 382 133 | 1 364 188 | 611 373,03 |

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil seo, Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar freisin go sonrach:

— caiteachas ar phearsanra seachtrach sa cheanncheathrú (foireann ar conradh, saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó foireann na gníomhaireachta) atá beartaithe seilbh a ghlacadh ar na cúraimí a comhlíonadh roimhe seo faoin gCiste Eorpach Forbraíochta; cumhdaítear leis sin pá na foirne lena mbaineann agus an costas breise a bhaineann le hoiliúint, cruinnithe, misin, teicneolaíocht faisnéise, teileachumarsáid agus costais eile a bhaineann leis an bpearsanra seachtrach a mhaoinítear faoin airteagal seo,

— caiteachas ar phearsanra seachtrach i dtoscaireachtaí an Aontais agus in oifigí an Choimisiúin atá bunaithe i dtíortha agus críocha thar lear (foireann ar conradh, foireann áitiúil nó saineolaithe náisiúnta ar iasacht) chun cláir chineachta a bhainistiú i dtoscaireachtaí an Aontais nó in oifigí an Choimisiúin i dtríú tíortha, bainistíocht a rinneadh roimhe sin faoin gCiste Eorpach Forbraíochta; cumhdaítear leis sin pá na foirne lena mbaineann agus an costas breise a bhaineann le hoiliúint, cruinnithe, misin, teicneolaíocht faisnéise, teileachumarsáid agus costais eile a bhaineann go díreach le pearsanra seachtrach, a mhaoinítear faoin airteagal seo, a bheith i láthair i dtoscaireachtaí an Aontais nó in oifigí an Choimisiúin, lena n-áirítear costais lóistíochta agus bhonneagair, e.g. cóiríocht a fháil ar cíos,

***14 01 04*** *(Ar lean.)*

— na gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta is gá le haghaidh an chuir chun feidhme sin, mar aon le caiteachas ag ceanncheathrú lárnach agus ag toscaireachtaí an Aontais le haghaidh na tacaíochta riaracháin agus comhordúcháin is gá le haghaidh an chláir, lena n-áirítear gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 14 05.

***14 01 05*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh na hIonstraime Eorpaí um Chomhar Idirnáisiúnta maidir le Sábháilteacht Núicléach (ICSN)***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 537 638 | 1 526 475 | 1 457 585,85 |

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil seo, tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar, agus níos sonraí fós, freisin:

— caiteachas ar phearsanra seachtrach sa cheanncheathrú lárnach (foireann ar conradh, saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó foireann na gníomhaireachta) atá beartaithe seilbh a ghlacadh ar na cúraimí a tugadh d'oifigí cúnaimh theicniúil díchóimeáilte roimhe seo; cumhdaítear leis sin pá na foirne lena mbaineann agus an costas breise a bhaineann le hoiliúint, cruinnithe, misin, teicneolaíocht faisnéise, teileachumarsáid agus costais eile a bhaineann leis an bpearsanra seachtrach a mhaoinítear faoin airteagal seo,

— staidéir, cruinnithe, córais faisnéise, múscailt feasachta, oiliúint, ullmhúchán agus malartú ceachtanna a foghlaimíodh agus dea-chleachtas, gníomhaíochtaí foilsithe agus aon chaiteachas eile ar riarachán nó ar chúnamh teicniúil is gá chun gníomhaíochtaí a chlársceidealú agus a bhainistiú, lena n-áirítear saineolaithe seachtracha a íoctar,

— caiteachas a bhaineann le soláthar beart faisnéise agus cumarsáide,

— caiteachas a bhaineann le TF lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise chorparáideach.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 14 06.

### *14 01 06 Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chúnaimh Macrairgeadais Plus don Úcráin (MFA+)*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | |

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil seo, tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go sonrach go gcumhdófar caiteachas tacaíochta chun an Ionstraim a chur chun feidhme agus chun a cuid cuspóirí a bhaint amach, lena n-áirítear tacaíocht riaracháin atá bainteach le baint amach a cuid cuspóirí, lena n-áirítear tacaíocht riaracháin atá bainteach leis na gníomhaíochtaí ullmhúcháin, leantacha, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta is gá le haghaidh an chur chun feidhme sin, mar aon le caiteachas ag ceanncheathrú lárnach agus toscaireachtaí an Aontais le haghaidh na tacaíochta riaracháin agus comhordúcháin is gá i gcomhair na hIonstraime, agus chun oibríochtaí a mhaoinítear faoin Ionstraim a bhainistiú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, agus córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 14 07.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 14 — GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH*

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 14 02 | AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA) | | | | | | | | |
| **14 02 01** | ***Cláir gheografacha*** | | | | | | | | |
| 14 02 01 10 | Comharsanacht an Deiscirt | 6 | 1 730 931 763 | 776 962 895 | 1 727 209 546 | 444 893 255 | 1 694 005 348,— | 541 703 860,15 | 69,72 |
| 14 02 01 11 | Comharsanacht an Oirthir | 6 | 672 537 696 | 421 206 581 | 828 890 238 | 265 608 958 | 1 120 636 123,08 | 910 293 961,85 | 216,12 |
| 14 02 01 12 | Comharsanacht — Comhar críochach agus trasteorann agus bearta tacaíochta | 6 | 113 602 500 | 81 800 000 | 111 852 500 | 78 705 080 | 56 172 500,— | 356 819,94 | 0,44 |
| 14 02 01 20 | An Afraic Thiar | 6 | 1 540 753 356 | 811 917 593 | 1 624 960 134 | 640 323 126 | 950 510 000,— | 279 512 098,55 | 34,43 |
| 14 02 01 21 | An Afraic Thoir agus an Afraic Láir | 6 | 1 502 234 521 | 784 056 842 | 1 584 336 130 | 582 531 704 | 1 270 877 622,— | 348 263 106,87 | 44,42 |
| 14 02 01 22 | Deisceart na hAfraice agus an tAigéan Indiach | 6 | 808 895 512 | 378 823 209 | 853 104 070 | 249 695 941 | 1 062 986 000,— | 44 178 985,50 | 11,66 |
| 14 02 01 30 | An Meánoirthear agus An Áise Láir | 6 | 371 761 531 | 213 000 000 | 395 412 809 | 171 000 000 | 365 630 404,50 | 79 351 129,86 | 37,25 |
| 14 02 01 31 | An Áise Theas agus Thoir | 6 | 603 607 943 | 320 000 000 | 631 020 629 | 191 000 000 | 551 133 679,34 | 36 686 910,61 | 11,46 |
| 14 02 01 32 | An tAigéan Ciúin | 6 | 113 212 528 | 63 000 000 | 119 139 596 | 38 000 000 | 119 962 734,— | 3 883 331,68 | 6,16 |
| 14 02 01 40 | Críocha Mheiriceá | 6 | 326 294 596 | 160 000 000 | 340 741 091 | 120 000 000 | 272 147 591,92 | 30 103 407,53 | 18,81 |
| 14 02 01 41 | An Mhuir Chairib | 6 | 101 508 219 | 50 000 000 | 101 491 378 | 48 000 000 | 106 463 200,— | 8 120 551,54 | 16,24 |
| 14 02 01 50 | Erasmus+ — ICFCI — Ranníocaíocht ón Eoraip Dhomhanda | 6 | 296 666 667 | 237 550 000 | 296 666 667 | 210 000 000 | 288 799 711,64 | 154 449 698,69 | 65,02 |
| 14 02 01 60 | An Ciste Eorpach Forbraíochta — Athshreabha ó Shaoráid Infheistíochta ACC | 6 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| 14 02 01 70 | ICFCI — an Eoraip Dhomhanda — Soláthar don chiste coiteann soláthairtí | 6 | 250 131 892 | 1 937 598 764 | 396 159 455 | 963 001 658 | 1 950 167 765,— | 1 391 296 608,— | 71,81 |
| | *Airteagal 14 02 01 — Fo-iomlán* | | 8 432 138 724 | 6 235 915 884 | 9 010 984 243 | 4 002 759 722 | 9 809 492 679,48 | 3 828 200 470,77 | 61,39 |
| **14 02 02** | ***Cláir théamacha*** | | | | | | | | |
| 14 02 02 10 | Misin idirnáisiúnta breathnóireachta toghchán — Cearta an Duine agus an Daonlathas | 6 | 46 957 230 | 30 719 000 | 49 512 057 | 31 000 000 | 26 949 241,— | 16 325 577,41 | 53,14 |

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **14 02 02** | *(Ar lean.)* | | | | | | | | |
| 14 02 02 11 | Cearta agus saoirsí bunúsacha — Cearta an Duine agus an Daonlathas | 6 | 141 009 328 | 150 000 000 | 148 629 952 | 105 000 000 | 265 899 677,— | 68 980 645,63 | 45,99 |
| 14 02 02 20 | Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta | 6 | 188 012 438 | 196 915 608 | 198 173 270 | 129 546 959 | 357 734 685,— | 40 349 645,64 | 20,49 |
| 14 02 02 30 | An tSíocháin, an Chobhsaíocht agus Coinbhleachtaí a Chosc | 6 | 124 619 595 | 84 000 000 | 131 432 466 | 70 000 000 | 137 931 623,— | 32 625 827,43 | 38,84 |
| 14 02 02 40 | Daoine — Dúshláin Dhomhanda | 6 | 227 653 986 | 229 943 986 | 199 410 134 | 173 500 000 | 409 925 378,20 | 0,— | |
| 14 02 02 41 | An Pláinéad — Dúshláin Dhomhanda | 6 | 138 611 855 | 53 400 000 | 124 714 787 | 42 600 000 | 133 926 390,— | 27 919 615,30 | 52,28 |
| 14 02 02 42 | Rath — Dúshláin Dhomhanda | 6 | 85 895 315 | 71 000 000 | 152 082 164 | 48 800 000 | 132 101 768,— | 15 504 825,96 | 21,84 |
| 14 02 02 43 | Comhpháirtíochtaí — Dúshláin Dhomhanda | 6 | 38 013 719 | 35 820 000 | 43 939 451 | 43 600 000 | 57 900 000,— | 9 720 000,— | 27,14 |
| | *Airteagal 14 02 02 — Fo-iomlán* | | 990 773 466 | 851 798 594 | 1 047 894 281 | 644 046 959 | 1 522 368 762,20 | 211 426 137,37 | 24,82 |
| **14 02 03** | ***Gníomhaíochtaí mearfhreagartha*** | | | | | | | | |
| 14 02 03 10 | Freagairt i gcás géarchéime | 6 | 242 537 978 | 245 000 000 | 255 797 368 | 245 000 000 | 268 446 200,45 | 256 790 087,92 | 104,81 |
| 14 02 03 20 | Athléimneacht | 6 | 149 476 496 | 229 102 568 | 157 553 877 | 192 800 000 | 634 000 000,— | 192 385 124,82 | 83,97 |
| 14 02 03 30 | Riachtanais ó thaobh beartais eachtraigh de | 6 | 45 797 922 | 32 000 000 | 48 301 664 | 17 000 000 | 48 733 243,37 | 17 736 915,20 | 55,43 |
| | *Airteagal 14 02 03 — Fo-iomlán* | | 437 812 396 | 506 102 568 | 461 652 909 | 454 800 000 | 951 179 443,82 | 466 912 127,94 | 92,26 |
| **14 02 04** | ***An cúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn*** | 6 | 1 323 576 300 | 1 150 000 000 | 1 395 090 394 | 800 000 000 | 0,— | 0,— | |
| **14 02 99** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a thabhairt i gcrích*** | | | | | | | | |
| 14 02 99 01 | Gníomhaíochtaí roimhe seo a thabhairt i gcrích i réimse Bheartas Comharsanachta na hEorpa agus caidreamh leis an Rúis (roimh 2021) | 6 | p.m. | 661 668 799 | p.m. | 1 200 600 779 | 0,— | 1 499 296 155,31 | 226,59 |
| 14 02 99 02 | Ionstraimí maidir le comhar um fhorbairt roimhe seo a chur i gcrích (roimh 2021) | 6 | p.m. | 898 787 693 | p.m. | 1 307 466 000 | 0,— | 1 731 921 982,59 | 192,70 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 14 — GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH*

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **14 02 99** | *(Ar lean.)* | | | | | | | | |
| 14 02 99 03 | Caidreamh le tríú tíortha a chur i gcrích faoin Ionstraim um Chomhpháirtíocht agus faoin ionstraim maoinithe le haghaidh comhair le tíortha tionsclaithe (roimh 2021) | 6 | p.m. | 40 160 000 | p.m. | 70 594 072 | 0,— | 79 622 754,67 | 198,26 |
| 14 02 99 04 | An Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Chearta an Duine a thabhairt i gcrích mar aon le gníomhaíochtaí roimhe seo i réimse na misean idirnáisiúnta breathnóireachta toghchán (roimh 2021) | 6 | p.m. | 18 780 000 | p.m. | 31 300 000 | 0,— | 68 040 287,99 | 362,30 |
| 14 02 99 05 | Gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích i réimse na mbagairtí domhanda don tslándáil, agus i réimse na freagartha agus na hullmhachta i gcás géarchéime (roimh 2021) | 6 | p.m. | 61 000 000 | p.m. | 97 000 000 | 0,— | 122 552 572,85 | 200,91 |
| | *Airteagal 14 02 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 1 680 396 492 | p.m. | 2 706 960 851 | 0,— | 3 501 433 753,41 | 208,37 |
| | **Caibidil 14 02 — IOMLÁN** | | **11 184 300 886** | **10 424 213 538** | **11 915 621 827** | **8 608 567 532** | **12 283 040 885,50** | **8 007 972 489,49** | **76,82** |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas oibríochtúil a bhaineann le gníomhartha arna ndéanamh faoi Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda (ICFCI – an Eoraip Dhomhanda) arb é a cuspóir ginearálta luachanna agus leasanna an Aontais a chumhdach agus a chur chun cinn ar fud an domhain chun cuspóirí agus prionsabail ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a shaothrú, mar a leagtar síos in Airteagal 3(5) agus in Airteagal 8 agus Airteagal 21 CAE.

I gcomhréir leis an gcuspóir ginearálta sin, is iad seo a leanas cuspóirí sonracha ICFCI — an Eoraip Dhomhanda:

a) tacú le hidirphlé agus comhar le tríú tíortha agus le réigiúin sa Chomharsanacht, san Afraic fho-Shahárach, san Áise agus san Aigéan Ciúin, agus i gCríocha Mheiriceá agus i Muir Chairib, agus an t-idirphlé agus an comhar sin a chothú;

(b) ar leibhéal domhanda, an daonlathas a chosaint, a chur chun cinn agus a ghluaiseacht chun tosaigh, mar aon le smacht reachta agus cearta an duine, lena n-áirítear comhionannas inscne, tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, an chobhsaíocht agus an tsíocháin a thabhairt chun cinn agus dul i ngleic le dúshláin dhomhanda eile lena n-áirítear an imirce agus an tsoghluaisteacht;

(c) freagairt go mear i gcás: staideanna géarchéime, éagobhsaíochta agus coinbhleachta; dúshláin athléimneachta agus cabhair dhaonnúil agus gníomhaíocht um fhorbairt á nascadh; agus riachtanais agus tosaíochtaí beartais eachtraigh.

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile, arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gCaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

### *14 02 01 Cláir gheografacha*

*Barúlacha*

Le cláir gheografacha, féadfar na tríú tíortha uile a chumhdach, ach amháin iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) (IO L 330, 20.9.2021, lch. 1) agus tíortha agus críocha thar lear mar a shainmhínítear i gCinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear leis an Aontas Eorpach lena n-áirítear caidreamh idir an tAontas Eorpach ar thaobh amháin, agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge ar an taobh eile (IO L 355, 7.10.2021, lch. 6). Le cláir gheografacha i limistéar na Comharsanachta, féadfar aon tír a chumhdach arna sonrú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — an Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1). Chun na cuspóirí a leagtar síos sa Rialachán sin a bhaint amach, cuirfear cláir gheografacha chun feidhme trí thionscadail tíre, iltíre, réigiúnacha, ilchríochacha agus trasréigiúnacha, bunaithe ar na réimsí comhair seo a leanas:

— an dea-rialachas, an daonlathas, an smacht reachta agus cearta an duine, lena n-áirítear comhionannas inscne,

— deireadh a chur leis an mbochtaineacht, neamhionannais agus an t-idirdhealú a chomhrac, agus forbairt an duine a chur chun cinn,

— imirce, easáitiú éigeantach agus an tsoghluaisteacht,

— an comhshaol agus an t-athrú aeráide,

— fás eacnamaíoch ionchuimsitheach agus inbhuanaithe agus fostaíocht chuibhiúil,

— an tsíocháin, an chobhsaíocht agus cosc coinbhleachtaí,

— comhpháirtíocht.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 14 — GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH*

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

***14 02 01*** *(Ar lean.)*

14 02 01 10 Comharsanacht an Deiscirt

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 1 730 931 763 | 776 962 895 | 1 727 209 546 | 444 893 255 | 1 694 005 348,— | 541 703 860,15 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo tacaíocht a sholáthar do thíortha comhpháirtíochta Chomharsanacht an Deiscirt (an Ailgéir, an Éigipt, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, an Libia, Maracó, an chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil, an tSiria, an Túinéis) agus chun gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme a chumhdach sna réimsí comhair a shonraítear in ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear cláir iltíre, réigiúnacha, agus thrasréigiúnacha. Roghnaítear réimsí tosaíochta le haghaidh maoiniú ón Aontas go príomha as measc na réimsí sin a áirítear sna comhaontuithe comhlachais, comhpháirtíochta agus comhair, i dtosaíochtaí comhpháirtíochta a comhaontaíodh go comhpháirteach nó i ndoiciméid ábhartha eile, atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo, a chomhaontaítear ar bhonn comhpháirteach idir an tAontas agus na tíortha comhpháirtíochta i bhformáidí déthaobhacha agus iltaobhacha.

Ina theannta sin, rannchuidíonn an leithreasú sin le cuspóirí sonracha thacaíocht an Aontais don Chomharsanacht, eadhon:

— comhar polaitiúil feabhsaithe a chur chun cinn agus daonlathas domhain agus inbhuanaithe, cobhsaíocht, dea-rialachas, an smacht reachta agus meas ar chearta an duine a neartú agus a chomhdhlúthú;

— tacaíocht a thabhairt comhaontuithe comhlachais nó comhaontuithe eile atá ann cheana féin nó a bheidh ann amach anseo, cláir oibre chomhlachais arna gcomhaontú go comhpháirteach agus tosaíochtaí comhpháirtíochta nó doiciméid choibhéiseacha a chur chun feidhme, lena n-áirítear tacaíocht trí chomhar institiúideach agus fothú acmhainneachta;

— comhpháirtíocht neartaithe le sochaithe a chur chun cinn idir an tAontas agus na tíortha comhpháirtíochta, agus i measc na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear cur chun cinn trí bhíthin teagmháil idir daoine mar aon le raon leathan gníomhaíochtaí lena ndírítear go sonrach ar an aos óg;

— feabhas a chur ar an gcomhar réigiúnach agus trasteorann, go háirithe faoi chuimsiú an Aontais don Réigiún Meánmhuirí agus comhar ar fud na Comharsanachta Eorpaí, lena n-áirítear comhar i réimsí an fhuinnimh agus na slándála;

— lánpháirtiú céimnitheach i margadh inmheánach an Aontais a bhaint amach mar aon le comhar earnála agus trasearnála feabhsaithe, lena n-áirítear trí chomhfhogasú reachtach agus cóineasú rialála i dtreo noirm agus chaighdeáin an Aontais agus i dtreo noirm agus caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta eile, agus rochtain fheabhsaithe ar an margadh lena n-áirítear trí limistéir shaorthrádála dhoimhne agus chuimsitheacha, trí fhorbairt institiúidí gaolmhara agus trí infheistíocht;

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

***14 02 01*** *(Ar lean.)*

14 02 01 10 *(Ar lean.)*

— comhpháirtíochtaí a neartú maidir le himirce agus soghluaisteacht dhea-bhainistithe agus shábháilte agus, i gcás inarb infheidhme agus ar choinníoll go bhfuil coinníollacha soghluaisteachta dea-bhainistithe agus slána i bhfeidhm, tacú leis na córais taistil gan víosa atá ann cheana a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an sásra fionraíochta víosaí athbhreithnithe, idirphléití maidir le léirscaoileadh víosaí agus comhaontuithe agus socruithe déthaobhacha nó réigiúnacha le tríú tíortha, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí soghluaisteachta;

— tacú le cothú muiníne agus le bearta eile a chuireann leis an tslándáil, le cosc agus réiteach coinbhleachtaí, lena n-áirítear tacaíocht do na pobail a ndéanfar difear dóibh, agus don atógáil.

Féadfar cuid den leithreasú a úsáid chun an cur chuige, atá bunaithe ar dhreasachtaí agus a leagtar amach in ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, a chur chun feidhme freisin.

14 02 01 11 Comharsanacht an Oirthir

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 672 537 696 | 421 206 581 | 828 890 238 | 265 608 958 | 1 120 636 123,08 | 910 293 961,85 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú sin tacaíocht a sholáthar do thíortha comhpháirtíochta Chomharsanacht an Oirthir (an Airméin, an Asarbaiseáin, Poblacht na Bealarúise, an tSeoirsia, Poblacht na Moldóive, an Úcráin) agus chun gníomhaíochtaí a chumhdach arna gcur chun feidhme sna réimsí comhair a shonraítear in ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear trí bhíthin tionscadail iltíre, réigiúnacha agus trasréigiúnacha. Déantar na réimsí tosaíochta le haghaidh maoiniú ón Aontas a roghnú go príomha as measc na réimsí sin a áirítear sna comhaontuithe comhlachais, comhpháirtíochta agus comhair, sna cláir oibre chomhlachais agus tosaíochtaí comhpháirtíochta arna gcomhaontú go comhpháirteach nó i ndoiciméid ábhartha eile, atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo, a chomhaontaítear go comhpháirteach idir an tAontas agus na tíortha comhpháirtíochta i bhformáidí déthaobhacha agus iltaobhacha.

Ina theannta sin, rannchuidíonn an leithreasú sin le cuspóirí sonracha thacaíocht an Aontais don Chomharsanacht, eadhon:

— comhar polaitiúil feabhsaithe a chur chun cinn agus daonlathas domhain agus inbhuanaithe, cobhsaíocht, dea-rialachas, an smacht reachta agus meas ar chearta an duine a neartú agus a chomhdhlúthú;

— tacaíocht a thabhairt comhaontuithe comhlachais nó comhaontuithe eile atá ann cheana féin nó a bheidh ann amach anseo, cláir oibre chomhlachais arna gcomhaontú go comhpháirteach agus tosaíochtaí comhpháirtíochta nó doiciméid choibhéiseacha a chur chun feidhme, lena n-áirítear tacaíocht trí chomhar institiúideach agus fothú acmhainneachta;

COIMISIÚN
*TEIDEAL 14 — GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH*

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

***14 02 01*** *(Ar lean.)*

14 02 01 11 *(Ar lean.)*

— comhpháirtíocht neartaithe le sochaithe a chur chun cinn idir an tAontas agus na tíortha comhpháirtíochta, agus i measc na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear cur chun cinn trí bhíthin teagmháil idir daoine mar aon le raon leathan gníomhaíochtaí lena ndírítear go sonrach ar an aos óg;

— feabhas a chur ar an gcomhar réigiúnach, go háirithe faoi chuimsiú Chomhpháirtíocht an Oirthir, an chomhair ar fud na Comharsanachta Eorpaí agus faoi chuimsiú chomhar réigiúnach na Mara Duibhe, an chomhair Artaigh, Dhiminsean an Tuaiscirt, lena n-áirítear an comhar i réimsí an fhuinnimh agus na slándála;

— lánpháirtiú céimnitheach i margadh inmheánach an Aontais a bhaint amach mar aon le comhar earnála agus trasearnála feabhsaithe, lena n-áirítear trí chomhfhogasú reachtach agus cóineasú rialála i dtreo noirm agus chaighdeáin an Aontais agus i dtreo noirm agus caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta eile, agus rochtain fheabhsaithe ar an margadh lena n-áirítear trí limistéir shaorthrádála dhoimhne agus chuimsitheacha, trí fhorbairt institiúidí gaolmhara agus trí infheistíocht;

— comhpháirtíochtaí a neartú maidir le himirce agus soghluaisteacht dhea-bhainistithe agus shábháilte agus, i gcás inarb infheidhme agus ar choinníoll go bhfuil coinníollacha soghluaisteachta dea-bhainistithe agus slána i bhfeidhm, tacú leis na córais taistil gan víosa atá ann cheana a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an sásra fionraíochta víosaí athbhreithnithe, idirphléití maidir le léirscaoileadh víosaí agus comhaontuithe agus socruithe déthaobhacha nó réigiúnacha le tríú tíortha, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí soghluaisteachta;

— tacú le cothú muiníne agus le bearta eile a chuireann leis an tslándáil, agus le cosc agus réiteach coinbhleachtaí, lena n-áirítear tacaíocht do na pobail a ndéanfar difear dóibh, agus don atógáil.

Féadfar cuid den leithreasú a úsáid chun an cur chuige, atá bunaithe ar dhreasachtaí agus a leagtar amach in ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, a chur chun feidhme freisin.

14 02 01 12 Comharsanacht — Comhar críochach agus trasteorann agus bearta tacaíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 113 602 500 | 81 800 000 | 111 852 500 | 78 705 080 | 56 172 500,— | 356 819,94 |

*Barúlacha*

Beartaítear leis an leithreasú sin cláir um chomhar críochach agus trasteorann a chumhdach idir aon Bhallstát amháin nó níos mó, agus aon tríú tír nó críoch amháin nó níos mó ar feadh theorainneacha seachtracha talún agus muirí an Aontais atá tadhlach leis agus tuigfear leis go gcumhdóidh sé comhar trasnáisiúnta thar chríocha trasnáisiúnta níos mó nó thart ar imchuacha farraige agus comhar idir-réigiúnach. Féadfar é a úsáid freisin chun rannpháirtíocht Chónaidhm na Rúise i gcláir um chomhar trasteorann agus i gcláir tháscacha ábhartha iltíre eile a chumhdach.

***14 02 01*** *(Ar lean.)*

14 02 01 12 *(Ar lean.)*

Thairis sin, Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí ilbhliantúla faireacháin, cumarsáide agus iniúchta lena gcumhdaítear limistéar na Comharsanachta.

14 02 01 20 An Afraic Thiar

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 1 540 753 356 | 811 917 593 | 1 624 960 134 | 640 323 126 | 950 510 000,— | 279 512 098,55 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí san Afraic thiar (Beinin, Buircíne Fasó, Cabo Verde, an Cósta Eabhair, an Ghaimbia, Gána, an Ghuine, Guine Bissau, an Libéir, Mailí, an Mháratáin, an Nigéir, an Nígir, Sead, an tSeineagáil, Siarra Leon, Tóga) sna réimsí comhair a shonraítear in ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear tionscadail iltíre, réigiúnacha, ilchríochacha agus trasréigiúnacha ar bhonn *pro rata*.

14 02 01 21 An Afraic Thoir agus an Afraic Láir

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 1 502 234 521 | 784 056 842 | 1 584 336 130 | 582 531 704 | 1 270 877 622,— | 348 263 106,87 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí san Afraic Thoir agus Láir (an Aetóip, an Bhurúin, Camarún, an Chéinia, an Congó, Djibouti, an Eiritré, an Ghabúin, an Ghuine Mheánchiorclach, Poblacht na hAfraice Láir, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Ruanda, São Tomé agus Príncipe, an tSomáil, an tSúdáin, an tSúdáin Theas, an Tansáin, Uganda) sna réimsí comhair a shonraítear in ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear tionscadail iltíre, réigiúnacha, ilchríochacha agus trasréigiúnacha ar bhonn *pro rata*.

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

***14 02 01*** *(Ar lean.)*

14 02 01 22 Deisceart na hAfraice agus an tAigéan Indiach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 808 895 512 | 378 823 209 | 853 104 070 | 249 695 941 | 1 062 986 000,— | 44 178 985,50 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí i nDeisceart na hAfraice agus san Aigéan Indiach (Angóla, an Bhotsuáin, Eswatini, Leosóta, Madagascar, an Mhaláiv, Mósaimbíc, an Namaib, Oileáin Chomóra, Oileán Mhuirís, Poblacht na hAfraice Theas, an tSaimbia, na Séiséil, an tSiombáib) sna réimsí comhair a shonraítear in ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear tionscadail iltíre, réigiúnacha, ilchríochacha agus trasréigiúnacha ar bhonn *pro rata*.

14 02 01 30 An Meánoirthear agus An Áise Láir

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 371 761 531 | 213 000 000 | 395 412 809 | 171 000 000 | 365 630 404,50 | 79 351 129,86 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí sa Mheánoirthear agus san Áise Láir (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an Afganastáin, an Araib Shádach, Bairéin, an Chasacstáin, Catar, an Chirgeastáin, Cuáit, Éimin, an Iaráic, an Iaráin, Óman, an Táidsíceastáin, an Tuircméanastáin, an Úisbéiceastáin) sna réimsí comhair a shonraítear in ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear tionscadail iltíre, réigiúnacha, ilchríochacha agus trasréigiúnacha ar bhonn *pro rata*.

14 02 01 31 An Áise Theas agus Thoir

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 603 607 943 | 320 000 000 | 631 020 629 | 191 000 000 | 551 133 679,34 | 36 686 910,61 |

***14 02 01*** *(Ar lean.)*

14 02 01 31 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí san Áise Theas agus Thoir (an Bhanglaidéis, Brúiné, an Bhútáin, an Chambóid, an Chóiré Theas, an Chóiré Thuaidh, Hong Cong, an India, an Indinéis, Laos, Macao, Maenmar/Burma, an Mhalaeisia, an Mhongóil, Neipeal, na hOileáin Fhilipíneacha, Oileáin Mhaildíve, an Phacastáin, an tSeapáin, an tSín, Singeapór, Srí Lanca, an Téalainn, an Téaváin, Vítneam) sna réimsí comhair a shonraítear in ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear tionscadail iltíre, réigiúnacha, ilchríochacha agus trasréigiúnacha ar bhonn *pro rata*.

14 02 01 32 An tAigéan Ciúin

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 113 212 528 | 63 000 000 | 119 139 596 | 38 000 000 | 119 962 734,— | 3 883 331,68 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí san Aigéan Ciúin (an Astráil, Cireabaití, Fidsí, an Mhicrinéis, Nárú, Niue, Nua-Ghuine Phapua, an Nua-Shéalainn, Oileáin Cook, Oileáin Marshall, Oileáin Palau, Oileáin Sholomón, Samó, Tíomór Thoir, Tonga, Tuvalu, Vanuatú) sna réimsí comhair a shonraítear in ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear tionscadail iltíre, réigiúnacha, ilchríochacha agus trasréigiúnacha ar bhonn *pro rata*.

14 02 01 40 Críocha Mheiriceá

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 326 294 596 | 160 000 000 | 340 741 091 | 120 000 000 | 272 147 591,92 | 30 103 407,53 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí i gCríocha Mheiriceá sna réimsí comhair a shonraítear in ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear tionscadail iltíre, réigiúnacha, ilchríochacha agus trasréigiúnacha ar bhonn *pro rata*.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 14 — GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH*

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

***14 02 01*** *(Ar lean.)*

14 02 01 41 An Mhuir Chairib

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 101 508 219 | 50 000 000 | 101 491 378 | 48 000 000 | 106 463 200,— | 8 120 551,54 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí sa Mhuir Chairib sna réimsí comhair a shonraítear in ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear tionscadail iltíre, réigiúnacha, ilchríochacha agus trasréigiúnacha ar bhonn *pro rata*.

14 02 01 50 Erasmus+ — ICFCI — Ranníocaíocht ón Eoraip Dhomhanda

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 296 666 667 | 237 550 000 | 296 666 667 | 210 000 000 | 288 799 711,64 | 154 449 698,69 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar cúnamh airgeadais a chuirtear ar fáil faoi ICFCI — an Eoraip Dhomhanda chun diminsean idirnáisiúnta chlár Erasmus+ a chur chun cinn.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 10 620 667 | 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 10 944 034 | 6 5 0 0 |

14 02 01 60 An Ciste Eorpach Forbraíochta — Athshreabha ó Shaoráid Infheistíochta ACC

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

***14 02 01*** *(Ar lean.)*

14 02 01 60 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an mír seo go bhfaighfear aisíocaíochtaí caipitil agus ioncam caipitil ó Shaoráid Infheistíochta ACC agus dá bhrí sin, go soláthrófar cistí lena n-úsáid i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2020/2233, agus go háirithe le hAirteagal 2 de.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 88 000 000 | 6 5 0 0 |

*Bunús dlí*

Cinneadh (AE) 2020/2233 ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 a bhaineann le gealltanas na gcistí a eascraíonn ó athshreabha faoi Shaoráid Infheistíochta ACC maidir le hoibríochtaí faoin 9ú, 10ú agus 11ú Cistí Eorpacha Forbraíochta (IO L 437, 28.12.2020, lch. 188).

14 02 01 70 ICFCI — an Eoraip Dhomhanda — Soláthar don chiste coiteann soláthairtí

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 250 131 892 | 1 937 598 764 | 396 159 455 | 963 001 658 | 1 950 167 765,— | 1 391 296 608,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo na hacmhainní airgeadais a chur ar fáil chun soláthar don chiste coiteann soláthairtí, do ráthaíochtaí buiséadacha agus do chúnamh airgeadais sna réigiúin a chumhdaítear le ICFCI — an Eoraip Dhomhanda. Féadfaidh leithreasuithe breise eascairt as ioncam sannta, agus faoi ráthaíochtaí buiséadacha nó faoi chúnamh airgeadais ó chreataí airgeadais ilbhliantúla roimhe seo freisin.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1), agus go háirithe Teideal X de.

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

***14 02 02 Cláir théamacha***

*Barúlacha*

Chun na cuspóirí a leagtar síos i gcláir théamacha ICFCI — an Eoraip Dhomhanda a bhaint amach, cuimseofar gníomhaíochtaí a bheidh nasctha leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a shaothrú ar leibhéal domhanda sna réimsí idirghabhála seo a leanas:

— Cearta an Duine agus an Daonlathas,

— Eagraíocht na Sochaí Sibhialta,

— An tSíocháin, an Chobhsaíocht agus Cosc Coinbhleachtaí,

— Dúshláin Dhomhanda.

14 02 02 10 Misin idirnáisiúnta breathnóireachta toghchán — Cearta an Duine agus an Daonlathas

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 46 957 230 | 30 719 000 | 49 512 057 | 31 000 000 | 26 949 241,— | 16 325 577,41 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí atá nasctha le réimse Chearta an Duine agus an Daonlathais den idirghabháil a shonraítear in ICFCI — an Eoraip Dhomhanda: an daonlathas a fhorbairt, a fheabhsú agus a chosaint trí thacaíocht do phróisis toghchánacha inchreidte, ionchuimsitheacha agus trédhearcacha, lena n-áirítear costais taistil agus liúntas a bheidh nasctha leis na gnéithe lóistíochta agus slándála atá mar bhonn taca faoi mhisin dhifriúla breathnóireachta toghcháin sa tír chomhpháirtíochta agus faoi ghníomhaíochtaí comhlántacha.

14 02 02 11 Cearta agus saoirsí bunúsacha — Cearta an Duine agus an Daonlathas

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 141 009 328 | 150 000 000 | 148 629 952 | 105 000 000 | 265 899 677,— | 68 980 645,63 |

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

***14 02 02*** *(Ar lean.)*

14 02 02 11 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí atá nasctha le réimse Chearta an Duine agus an Daonlathais den idirghabháil a shonraítear in ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

— rannchuidiú le luachanna bunúsacha an daonlathais a chur ar aghaidh, mar aon leis an smacht reachta, uilíochas agus doroinnteacht chearta an duine, meas ar dhínit an duine, prionsabail an neamh-idirdhealaithe, an chomhionannais agus na dlúthpháirtíochta, agus meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar an dlí idirnáisiúnta,

— comhar agus comhpháirtíocht leis an tsochaí shibhialta a chumasú maidir le saincheisteanna ó thaobh chearta an duine agus an daonlathais agus cosantóirí chearta an duine a chosaint agus a chumhachtú,

— cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chumhdach do gach duine trí fhaireachán a dhéanamh ar an meas agus ar an urraim a thugtar do gach ceart de chuid an duine agus an meas agus an urraim sin a chur chun cinn agus a neartú,

— tacú leis an daonlathas agus é a fhorbairt, a chomhdhlúthú agus a chosaint, ag dul i ngleic go cuimsitheach le gach gné den rialachas daonlathach (lena n-áirítear an t-iolrachas polaitiúil, an ionadaíocht pholaitiúil, agus an chuntasacht pholaitiúil a dhaingniú, rannpháirtíocht na saoránach agus na sochaí sibhialta a fheabhsú, agus tacú le toghcháin inchreidte, ionchuimsitheacha agus thrédhearcacha, le meáin chumarsáide neamhspleácha iolraíocha, le saoirse idirlín, leis an gcomhrac i gcoinne na cinsireachta, ar son institiúidí cuntasacha agus ionchuimsitheacha, lena n-áirítear parlaimintí agus páirtithe polaitiúla, agus leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe),

— iltaobhachas éifeachtach agus comhpháirtíocht straitéiseach a chur chun cinn, ag rannchuidiú le hacmhainneachtaí ionstraimí agus sásraí idirnáisiúnta, réigiúnacha agus náisiúnta a dhaingniú chun cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a chur chun cinn agus a chosaint.

14 02 02 20 Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 188 012 438 | 196 915 608 | 198 173 270 | 129 546 959 | 357 734 685,— | 40 349 645,64 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí atá nasctha le réimse Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta den idirghabháil a shonraítear in ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

— sochaí shibhialta atá ionchuimsitheach, rannpháirteach, cumhachtaithe agus neamhspleách, agus spás sibhialta agus daonlathach i dtíortha comhpháirtíochta,

— idirphlé cuimsitheach agus oscailte le gníomhaithe na sochaí shibhialta agus eatarthu,

— feasacht, tuiscint, eolas agus rannpháirtíocht shaoránaigh na hEorpa maidir le saincheisteanna forbartha.

14 02 02 30 An tSíochái, an Chobhsaíocht agus Coinbhleachtaí a Chosc

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 124 619 595 | 84 000 000 | 131 432 466 | 70 000 000 | 137 931 623,— | 32 625 827,43 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí atá nasctha le réimse na Síochána, na Cobhsaíochta agus maidir le Coinbhleachtaí a Chosc den idirghabháil a shonraítear in ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

— cúnamh teicniúil agus airgeadais lena gcumhdaítear tacaíocht do bhearta coinbhleacht-íogair atá ceaptha chun inniúlachtaí na gcomhpháirtithe a neartú chun anailís a dhéanamh ar rioscaí, coinbhleacht a chosc, síocháin a chothú agus dul i ngleic le riachtanais réamh-ghéarchéime agus iar-ghéarchéime i ndlúthchomhar leis na Náisiúin Aontaithe agus le heagraíochtaí eile idirnáisiúnta, réigiúnacha agus foréigiúnacha, agus le gníomhaithe de chuid an Stáit, na sochaí sibhialta agus na n-údarás áitiúil, lena n-áirítear aird ar leith ar an gcomhionannas inscne, ag áirithiú rannpháirtíocht éifeachtach agus chumhachtú na mban agus na hóige,

— cúnamh teicniúil agus airgeadais a thacaíonn le hiarrachtaí comhpháirtithe agus an Aontais lena dtéitear i ngleic le bagairtí domhanda agus trasréigiúnacha.

14 02 02 40 Daoine — Dúshláin Dhomhanda

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 227 653 986 | 229 943 986 | 199 410 134 | 173 500 000 | 409 925 378,20 | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí chláir théamacha na nDúshlán Domhanda, a chomhfhreagraíonn do na réimsí idirghabhála a shonraítear in ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear an méid seo a leanas: sláinte, oideachas, comhionannas inscne agus cumhachtú ban agus cailíní, leanaí agus an óige, imirce agus easáitiú éigeantach obair chuibhiúil, cosaint shóisialta agus neamh-chomhionannas, cultúr.

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

***14 02 02*** *(Ar lean.)*

14 02 02 41 An Pláinéad — Dúshláin Dhomhanda

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 138 611 855 | 53 400 000 | 124 714 787 | 42 600 000 | 133 926 390,— | 27 919 615,30 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí chláir théamacha na nDúshlán Domhanda, a chomhfhreagraíonn do na réimsí idirghabhála a shonraítear in ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear an méid seo a leanas: comhshaol sláintiúil agus an t-athrú aeráide, fuinneamh inmharthana.

14 02 02 42 Rath — Dúshláin Dhomhanda

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 85 895 315 | 71 000 000 | 152 082 164 | 48 800 000 | 132 101 768,— | 15 504 825,96 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí chláir théamacha na nDúshlán Domhanda, a chomhfhreagraíonn do na réimsí idirghabhála a shonraítear in ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear an méid seo a leanas: fás inbhuanaithe agus ionchuimsitheach, poist chuibhiúla agus rannpháirtíocht na hearnála príobháidí, rochtain ar theicneolaíochtaí digiteacha, slándáil bia agus cothaithe mar aon le comhtháthú réigiúnach agus geilleagar ciorclach inbhuanaithe glas agus gorm.

14 02 02 43 Comhpháirtíochtaí — Dúshláin Dhomhanda

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 38 013 719 | 35 820 000 | 43 939 451 | 43 600 000 | 57 900 000,— | 9 720 000,— |

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

***14 02 02*** *(Ar lean.)*

14 02 02 43 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí chláir théamacha na nDúshlán Domhanda, a chomhfhreagraíonn do na réimsí idirghabhálacha a shonraítear in ICFCI – an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear an méid seo a leanas: ról na n-údarás áitiúil agus a gcomhlachas mar ghníomhaithe forbartha a neartú, agus tacú lena n-iarrachtaí san oideachas forbartha agus i ngníomhaíochtaí múscailte feasachta lena ndírítear ar shaoránaigh den Aontas agus ar dhaoine óga go háirithe; sochaithe ionchuimsitheacha agus tionscnaimh il-pháirtithe leasmhara a chur chun cinn; dea-rialachas eacnamaíoch a chur chun cinn, lena n-áirítear slógadh cothrom agus ionchuimsitheach an ioncaim intíre, go háirithe i gcomhthéacs an chomhair chánach idirnáisiúnta, bainistiú trédhearcach airgeadais phoiblí agus caiteachas poiblí ionchuimsitheach agus éifeachtach; tacú leis an measúnú agus leis an doiciméadú ar an dul chun cinn maidir leis an gcomhpháirtíocht a chur chun feidhme agus le prionsabail ó thaobh na héifeachtachta de.

***14 02 03*** ***Gníomhaíochtaí mearfhreagartha***

*Barúlacha*

Beidh gníomhaíochtaí a mhaoineofar faoin airteagal seo bunaithe ar réimsí idirghabhála a shonraítear in NDICI — an Eoraip Dhomhanda agus cumasófar luathghníomhaíocht leo chun an méid seo a dhéanamh:

— rannchuidiú le cobhsaíocht agus le cosc coinbhleachta i gcásanna práinne, géarchéime atá ag teacht chun cinn, géarchéime agus iar-ghéarchéime,

— rannchuidiú le hathléimneacht stát, sochaithe, pobal agus daoine aonair a neartú agus le cabhair dhaonnúil agus gníomhaíocht um fhorbairt a nascadh,

— aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus tosaíochtaí beartais eachtraigh.

14 02 03 10 Freagairt i gcás géarchéime

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 242 537 978 | 245 000 000 | 255 797 368 | 245 000 000 | 268 446 200,45 | 256 790 087,92 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le cobhsaíocht agus le cosc coinbhleachta i gcásanna práinne, géarchéime atá ag teacht chun cinn, géarchéime agus iar-ghéarchéime.

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

***14 02 03*** *(Ar lean.)*

14 02 03 20 Athléimneacht

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 149 476 496 | 229 102 568 | 157 553 877 | 192 800 000 | 634 000 000,— | 192 385 124,82 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí lena rannchuideofar leis an athléimneacht a neartú agus le méadú a dhéanamh ar chomhordú, comhleanúnachas agus comhlántacht idir cabhair dhaonnúil, gníomhaíochtaí um fhorbairt agus, i gcás inarb ábhartha, comhdhlúthú na síochána, nithe nach féidir aghaidh a thabhairt orthu go tapa trí chláir gheografacha agus théamacha. Féadfar gníomhaíochtaí a chumhdach leo chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

— an athléimneacht a neartú, dul i ngleic le tosca na leochaileachta agus aghaidh a thabhairt ar nithe a d'fhéadfadh coinbhleacht a spreagadh,

— éifeachtaí díobhálacha gearrthéarmacha suaití eisginiúla a mhaolú, rud lena gcruthaítear éagobhsaíocht mhaicreacnamaíoch,

— athshlánú agus atógáil gearrthéarmach a dhéanamh a thacaíonn le híospartaigh tubaistí nádúrtha nó de dhéanamh an duine, coinbhleachtaí agus bagairtí domhanda,

— cúnamh a thabhairt don réigiún nó don stát ar leibhéal náisiúnta nó áitiúil, nó d'eagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta nó na sochaí sibhialta, maidir le sásraí gearrthéarmacha a chur ar bhun um chosc agus ullmhacht maidir le tubaistí,

— bearta tacaíochta le haghaidh cur chuige comhtháite i ngníomhaíochtaí daonnúla, gníomhaíochtaí um fhorbairt agus gníomhaíochtaí comhdhlúite síochána.

14 02 03 30 Riachtanais ó thaobh beartais eachtraigh de

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 45 797 922 | 32 000 000 | 48 301 664 | 17 000 000 | 48 733 243,37 | 17 736 915,20 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus tosaíochtaí beartais eachtraigh. Féadfar tacaíocht a chumhdach le gníomhaíochtaí le haghaidh straitéisí déthaobhacha, réigiúnacha agus idir-réigiúnacha an Aontais um chomhar, lena gcuirtear idirphlé beartais chun cinn agus lena bhforbraítear cuir chuige agus freagairtí comhchoiteanna do dhúshláin a bhaineann leis an domhan ar fad, tacaíocht le haghaidh beartas trádála an Aontais agus leis an idirbheartaíocht maidir le comhaontú trádála agus leis an gcomhaontú sin a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú agus chun feabhas a chur ar rochtain ar mhargaí tíortha comhpháirtíochta agus borradh a chur faoi dheiseanna trádála, infheistíochta agus gnó le haghaidh cuideachtaí ón Aontas, rannchuidiú le diminsean idirnáisiúnta bheartais inmheánacha an Aontais a chur chun feidhme agus tuiscint fhorleathan maidir leis an Aontas agus a infheicthe atá sé agus a ról ar an ardán domhanda a chur chun cinn.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 14 — GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH*

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

### 14 02 04 *An cúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 1 323 576 300 | 1 150 000 000 | 1 395 090 394 | 800 000 000 | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le NIDIC — an Eoraip Dhomhanda, úsáidfear an cúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn sna cásanna is mó inar gá agus ina mbeidh údar cuí leis, *inter alia*:

— chun a áirithiú go bhfreagróidh an tAontas go hiomchuí i gcás imthosca gan choinne,

— chun dul i ngleic le riachtanais nua nó le dúshláin atá ag teacht chun cinn, amhail iad siúd ag teorainneacha an Aontais nó a chomharsan atá nasctha le géarchéim, bíodh sin ina ghéarchéim nádúrtha nó ina ghéarchéim de dhéanamh an duine, le coinbhleacht fhoréigneach agus cásanna iar-ghéarchéime nó brú imirce agus easáitiú éigeantach,

— chun tionscnaimh nó tosaíochtaí nua, faoi stiúir an Aontais nó tionscnaimh nó tosaíochtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn.

### 14 02 99 *Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a thabhairt i gcrích*

*Barúlacha*

Tá leithreasuithe faoin airteagal seo beartaithe chun go gcumhdófar íocaíochtaí i leith gealltanas atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

14 02 99 01 Gníomhaíochtaí roimhe seo a thabhairt i gcrích i réimse Bheartas Comharsanachta na hEorpa agus caidreamh leis an Rúis (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 661 668 799 | p.m. | 1 200 600 779 | 0,— | 1 499 296 155,31 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CEE) Uimh. 2210/78 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 1978 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe um Chomhar idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire (IO L 263, 27.9.1978, lch. 1).

Rialachán (CEE) Uimh. 2211/78 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 1978 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe um Chomhar idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Mharacó (IO L 264, 27.9.1978, lch. 1).

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

***14 02 99*** *(Ar lean.)*

14 02 99 01 *(Ar lean.)*

Rialachán (CEE) Uimh. 2212/78 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 1978 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe um Chomhar idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Túinéise (IO L 265, 27.9.1978, lch. 1).

Rialachán (CEE) Uimh. 2213/78 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 1978 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe um Chomhar idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na hÉigipte (IO L 266, 27.9.1978, lch. 1).

Rialachán (CEE) Uimh. 2214/78 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 1978 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe um Chomhar idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Liobáine (IO L 267, 27.9.1978, lch. 1).

Rialachán (CEE) Uimh. 2215/78 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 1978 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe um Chomhar idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine (IO L 268, 27.9.1978, lch. 1).

Rialachán (CEE) Uimh. 2216/78 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 1978 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe um Chomhar idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria (IO L 269, 27.9.1978, lch. 1).

Rialachán (CEE) Uimh. 3177/82 ón gComhairle an 22 Samhain 1982 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire (IO L 337, 29.11.1982, lch. 1).

Rialachán (CEE) Uimh. 3178/82 ón gComhairle an 22 Samhain 1982 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na hÉigipte (IO L 337, 29.11.1982, lch. 8).

Rialachán (CEE) Uimh. 3179/82 ón gComhairle an 22 Samhain 1982 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine (IO L 337, 29.11.1982, lch. 15).

Rialachán (CEE) Uimh. 3180/82 ón gComhairle an 22 Samhain 1982 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Liobáine (IO L 337, 29.11.1982, lch. 22).

Rialachán (CEE) Uimh. 3181/82 ón gComhairle an 22 Samhain 1982 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Mharacó (IO L 337, 29.11.1982, lch. 29).

Rialachán (CEE) Uimh. 3182/82 ón gComhairle an 22 Samhain 1982 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria (IO L 337, 29.11.1982, lch. 36).

Rialachán (CEE) Uimh. 3183/82 ón gComhairle an 22 Samhain 1982 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Túinéise (IO L 337, 29.11.1982, lch. 43).

Cinneadh 88/30/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1987 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire (IO L 22, 27.1.1988, lch. 1).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 14 — GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH*

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

***14 02 99*** *(Ar lean.)*

14 02 99 01 *(Ar lean.)*

Cinneadh 88/31/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1987 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na hÉigipte (IO L 22, 27.1.1988, lch. 9).

Cinneadh 88/32/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1987 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine (IO L 22, 27.1.1988, lch. 17).

Cinneadh 88/33/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1987 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Liobáine (IO L 22, 27.1.1988, lch. 25).

Cinneadh 88/34/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1987 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Túinéise (IO L 22, 27.1.1988, lch. 33).

Cinneadh 88/453/CEE ón gComhairle an 30 Meitheamh 1988 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Mharacó (IO L 224, 13.8.1988, lch. 32).

Cinneadh 92/44/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1991 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Túinéise (IO L 18, 25.1.1992, lch. 34).

Cinneadh 92/206/CEE ón gComhairle an 16 Márta 1992 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire (IO L 94, 8.4.1992, lch. 13).

Cinneadh 92/207/CEE ón gComhairle an 16 Márta 1992 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na hÉigipte (IO L 94, 8.4.1992, lch. 21).

Cinneadh 92/208/CEE ón gComhairle an 16 Márta 1992 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine (IO L 94, 8.4.1992, lch. 29).

Cinneadh 92/209/CEE ón gComhairle an 16 Márta 1992 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Liobáine (IO L 94, 8.4.1992, lch. 37).

Rialachán (CEE) Uimh. 1762/92 ón gComhairle an 29 Meitheamh 1992 maidir le cur chun feidhme na bPrótacal ar chomhar airgeadais agus teicniúil arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal le tíortha Meánmhara nach Ballstáit iad (IO L 181, 1.7.1992, lch. 1).

Cinneadh 92/548/CEE ón gComhairle an 16 Samhain 1992 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Mharacó (IO L 352, 2.12.1992, lch. 13).

Cinneadh 92/549/CEE ón gComhairle an 16 Samhain 1992 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria (IO L 352, 2.12.1992, lch. 21).

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

***14 02 99*** *(Ar lean.)*

14 02 99 01 *(Ar lean.)*

Cinneadh 94/67/CE ón gComhairle an 24 Eanáir 1994 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chomhar airgeadais agus teicniúil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria (IO L 32, 5.2.1994, lch. 44).

Rialachán (CE) Uimh. 1734/94 ón gComhairle an 11 Iúil 1994 maidir le comhar airgeadais agus teicniúil leis an mBruach Thiar agus Stráice Gaza (IO L 182, 16.7.1994, lch. 4).

Rialachán (CE) Uimh. 213/96 ón gComhairle an 29 Eanáir 1996 maidir le cur chun feidhme ionstraim airgeadais chomhpháirtithe infheistíochta na gComhphobal Eorpach le haghaidh thíortha Meiriceá Laidinigh, na hÁise, an réigiúin Mheánmhuirí agus Poblacht na hAfraice Theas (IO L 28, 6.2.1996, lch. 2).

Rialachán (CE) Uimh. 1638/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta lena mbunaítear Ionstraim Eorpach Chomharsanachta agus Chomhpháirtíochta (IO L 310, 9.11.2006, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle an 11 Iúil 2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 (IO L 210, 31.7.2006, lch. 25).

Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear 'Erasmus+': clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 50).

Rialachán (AE) Uimhir 1299/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le forálacha sonracha i dtaca le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (IO L 347, 20.12.2013, lch. 259).

Rialachán (AE) Uimh. 232/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear Ionstraim Eorpach Chomharsanachta (IO L 77, 15.3.2014, lch. 27).

*Gníomhartha tagartha*

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 897/2014 ón gCoimisiún an 18 Lúnasa 2014 lena leagtar síos forálacha sonracha chun cláir chomhair thrasteorann a chur chun feidhme arna maoiniú faoi Rialachán (AE) Uimh. 232/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim Eorpach Chomharsanachta (IO L 244, 19.8.2014, lch. 12).

14 02 99 02 Ionstraimí maidir le comhar um fhorbairt roimhe seo a chur i gcrích (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 898 787 693 | p.m. | 1 307 466 000 | 0,— | 1 731 921 982,59 |

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

***14 02 99*** *(Ar lean.)*

14 02 99 02 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 856/1999 ón gComhairle an 22 Aibreán 1999 lena mbunaítear creat speisialta cúnaimh do sholáthróirí traidisiúnta ACC bananaí (IO L 108, 27.4.1999, lch. 2).

Rialachán (CE) Uimh. 491/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena mbunaítear clár maidir le cúnamh airgeadais agus teicniúil do thríú tíortha sna réimsí imirce agus tearmainn (AENEAS) (IO L 80, 18.3.2004, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 lena mbunaítear ionstraim maoinithe maidir le comhar um fhorbairt (IO L 378, 27.12.2006, lch. 41).

Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear 'Erasmus+': clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 50).

Rialachán (AE) Uimh. 233/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear ionstraim maoinithe maidir le comhar um fhorbairt don tréimhse 2014-2020 (IO L 77, 15.3.2014, lch. 44).

*Gníomhartha tagartha*

Comhpháirtíocht Straitéiseach AE-an Afraic: Straitéis chomhpháirteach AE-an Afraic, arna glacadh ag Cruinniú Mullaigh Liospóin, 8-9 Nollaig 2007.

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa an 3 Lúnasa 2005: 'External Actions through Thematic Programmes under the Future Financial Perspectives 2007-2013' [Gníomhaíochtaí Seachtracha trí Chláir Théamacha faoi Pheirspictíochtaí Airgeadais Amach Anseo 2007-2013] (COIM(2005) 324).

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle an 25 Eanáir 2006: 'Thematic programme for the cooperation with third countries in the areas of migration and asylum' [Clár téamach maidir leis an gcomhar le tríú tíortha sna réimsí imirce agus tearmainn] (COM(2006)0026).

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 13 Deireadh Fómhair 2011: 'An Tionchar a bhíonn ag Beartas Forbartha an Aontais Eorpaigh a Mhéadú: Clár Oibre don Athrú' (COIM(2011) 637).

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún] an 18 Samhain 2011: 'An Cur Chuige Domhanda i leith na hImirce agus na Soghluaisteachta' (COIM(2011) 743).

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

***14 02 99*** *(Ar lean.)*

14 02 99 03 Caidreamh le tríú tíortha a chur i gcrích faoin Ionstraim um Chomhpháirtíocht agus faoin ionstraim maoinithe le haghaidh comhair le tíortha tionsclaithe (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 40 160 000 | p.m. | 70 594 072 | 0,— | 79 622 754,67 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1934/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 lena mbunaítear ionstraim maoinithe le haghaidh comhair le tíortha agus críocha tionsclaithe agus le tíortha agus críocha eile ardioncaim (IO L 405, 30.12.2006, lch. 41).

Rialachán (AE) Uimh. 1338/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1934/2006 ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim maoinithe le haghaidh comhair le tíortha agus críocha tionsclaithe agus le tíortha agus críocha eile ardioncaim (IO L 347, 30.12.2011, lch. 21).

Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear 'Erasmus+': clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 50).

Rialachán (AE) Uimh. 234/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear Ionstraim um Chomhpháirtíocht le haghaidh comhair le tríú tíortha (IO L 77, 15.3.2014, lch. 77).

14 02 99 04 An Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Chearta an Duine a thabhairt i gcrích mar aon le gníomhaíochtaí roimhe seo i réimse na misean idirnáisiúnta breathnóireachta toghchán (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 18 780 000 | p.m. | 31 300 000 | 0,— | 68 040 287,99 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1889/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear ionstraim maoinithe chun an daonlathas agus cearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain (IO L 386, 29.12.2006, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 235/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear ionstraim maoinithe don daonlathas agus do chearta an duine ar fud an domhain (IO L77, 15.3.2014, lch. 85).

**CAIBIDIL 14 02 — AN IONSTRAIM UM CHOMHARSANACHT, FORBAIRT AGUS COMHAR IDIRNÁISIÚNTA — AN EORAIP DHOMHANDA (ICFCI — AN EORAIP DHOMHANDA)** *(Ar lean.)*

***14 02 99*** *(Ar lean.)*

14 02 99 05 Gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích i réimse na mbagairtí domhanda don tslándáil, agus i réimse na freagartha agus na hullmhachta i gcás géarchéime (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 61 000 000 | p.m. | 97 000 000 | 0,— | 122 552 572,85 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1724/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2001 a bhaineann le gníomhaíocht in aghaidh mianach frithphearsanra i dtíortha i mbéal forbartha (IO L 234, 1.9.2001, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 1725/2001 ón gComhairle an 23 Iúil 2001 a bhaineann le gníomhaíocht in aghaidh mianach frithphearsanra i dtríú tíortha seachas tíortha i mbéal forbartha (IO L 234, 1.9.2001, lch. 6).

Rialachán (CE) Uimh. 1717/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2006 lena mbunaítear Ionstraim le haghaidh Cobhsaíochta (IO L 327, 24.11.2006, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 230/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear ionstraim lena gcuirtear le cobhsaíocht agus le síocháin (IO L 77, 15.3.2014, lch. 1).

**CAIBIDIL 14 03 — CABHAIR DHAONNÚIL**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 14 03 | CABHAIR DHAONNÚIL | | | | | | | | |
| ***14 03 01*** | ***Cabhair dhaonnúil*** | 6 | 1 819 106 062 | 1 809 312 168 | 1 687 002 967 | 1 747 484 500 | 2 353 629 552,04 | 2 315 880 344,07 | 128 |
| ***14 03 02*** | ***Cosc tubaistí, laghdú rioscaí tubaiste, agus ullmhacht*** | 6 | 79 590 600 | 76 053 800 | 78 030 000 | 74 920 000 | 76 500 000,— | 70 233 017,85 | 92,35 |
| | **Caibidil 14 03 — IOMLÁN** | | **1 898 696 662** | **1 885 365 968** | **1 765 032 967** | **1 822 404 500** | **2 430 129 552,04** | **2 386 113 361,92** | **126,56** |

*Barúlacha*

Tá leithreasuithe faoin gcaibidil seo beartaithe chun go gcumhdófar caiteachas oibríochtúil a bhaineann le cabhair dhaonnúil, cosc tubaistí, laghdú rioscaí tubaiste, agus ullmhacht i dtríú tíortha.

Deonaítear an chabhair d'íospartaigh gan idirdhealú ná idirdhealú leatromach ar fhorais chine, tionscnamh eitneach, creidimh, míchumais, inscne, aoise, náisiúntacht ná cleamhnacht pholaitíochta. Soláthraítear an chabhair sin i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus níor chóir di a bheith faoi réir srianta arna bhforchur ag deontóirí comhpháirtíochta eile, fad is gá í chun freastal ar na riachtanais dhaonnúla a eascraíonn as cásanna den sórt sin.

I gcomhréir le hAirteagail 21, 22 agus 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1996 a bhaineann le cabhair dhaonnúil (IO L 163, 2.07.1996, lch. 1).

***14 03 01*** ***Cabhair dhaonnúil***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 1 819 106 062 | 1 809 312 168 | 1 687 002 967 | 1 747 484 500 | 2 353 629 552,04 | 2 315 880 344,07 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 14 — GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH*

**CAIBIDIL 14 03 — CABHAIR DHAONNÚIL** *(Ar lean.)*

***14 03 01*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar maoiniú oibríochtaí daonnúla agus cúnaimh bia de chineál daonnúil chun cuidiú le daoine i dtríú tíortha arb íospartaigh coinbhleachtaí nó tubaistí iad, idir thubaistí nádúrtha agus de dhéantús an duine (cogaidh, trodaíocht ag briseadh amach, etc.), nó éigeandálaí inchomparáide, don fhad is gá chun na riachtanais dhaonnúla a eascraíonn as na cásanna sin a chomhlíonadh.

Tá an leithreasú seo beartaithe freisin chun go gcumhdófar ceannach agus seachadadh aon táirge nó trealamh is gá chun oibríochtaí cabhrach daonnúla a chur chun feidhme, lena n-áirítear tithe nó tearmainn a thógáil le haghaidh na ngrúpaí dá ndéantar difear, obair ghearrthéarmach um athshlánú agus atógáil, go háirithe i dtaca le bonneagar agus saoráidí, na costais atá bainteach le foireann áitiúil, sheachtrach nó easaoránach, stóráil, loingsiú idirnáisiúnta nó náisiúnta, tacaíocht lóistíochta agus fóirithint a dháileadh agus aon ghníomhaíocht eile atá dírithe ar shaoirse rochtana a éascú d'fhaighteoirí na cabhrach.

Leis an leithreasú seo, féadfar aon chostas eile a chumhdach freisin atá nasctha go díreach le cur chun feidhme na n-oibríochtaí cabhrach daonnúla, amhail cúnamh teicniúil laistigh den amscála is gá agus ar bhealach lena gcomhlánaítear riachtanais na bhfaighteoirí, lena gcomhlíontar an ceanglas chun a mhéid is mó is féidir den éifeachtúlacht costais a bhaint amach agus lena soláthraítear trédhearcacht níos mó.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 8 500 000 | 3 3 0, 3 3 8, 3 3 9, 6 5 0 1 |

***14 03 02*** ***Cosc tubaistí, laghdú rioscaí tubaiste, agus ullmhacht***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 79 590 600 | 76 053 800 | 78 030 000 | 74 920 000 | 76 500 000,— | 70 233 017,85 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar maoiniú oibríochtaí ar leibhéil tíre, réigiúnacha agus dhomhanda chun an fhreagairt a ullmhú le haghaidh tubaistí agus tionchar na dtubaistí a mhaolú, arb iad guaiseacha nádúrtha a thagann chun cinn go mear agus go mall is cúis leo (amhail tuilte, cioclóin, creathanna talún, triomach, ardú ar leibhéal na mara) nó éigeandálaí inchomparáide ar bagairtí eile is cúis leo (amhail foréigean, coinbhleacht, guaiseacha tionsclaíocha, guaiseacha a bhaineann leis an tsláinte, lena n-áirítear eipidéimí). Tá an leithreasú seo beartaithe chun a áirithiú go bhforbrófar bearta ullmhachta ábhartha, amhail córais luathrabhaidh, ceannach agus iompar trealaimh (más gá), pleananna teagmhasacha, agus fothú acmhainneachta páirtithe leasmhara náisiúnta agus áitiúla.

**CAIBIDIL 14 03 — CABHAIR DHAONNÚIL** *(Ar lean.)*

***14 03 02*** *(Ar lean.)*

Leis an leithreasú seo, féadfar aon chostas eile a chumhdach atá nasctha go díreach le cur chun feidhme na n-oibríochtaí ullmhúcháin, amhail:

— maoiniú staidéar eolaíochta lena ngintear sonraí agus eolas lena dtacófar le hullmhacht níos fearr,

— comhdhéanamh stoc éigeandála d'earraí agus de threalamh lena n-úsáid i dtaca le hoibríochtaí cabhracha daonnúla,

— an cúnamh teicniúil is gá chun tionscadail ullmhachta le haghaidh tubaistí a ullmhú agus a chur chun feidhme, go háirithe caiteachas a thabhaítear lena gcumhdaítear costas conarthaí saineolaithe aonair sa réimse agus na costais bonneagair agus lóistíochta, a chumhdaítear le cuntais óinchiste agus údaruithe caiteachais, ó aonaid na hArd-Stiúrthóireachta um Chabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta a chuirtear i bhfeidhm ar fud an domhain.

Tá an leithreasú seo beartaithe chun cistí a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí cuimsitheacha ón Aontas chun tionchair an athraithe aeráide ar dhaonraí soghonta i dtíortha i mbéal forbartha a theorannú agus a bhainistiú, lena n-áirítear daoine easáitithe i gcomhthéacs tubaistí agus an athraithe aeráide.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 100 000 | 6 5 0 1 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 14 — GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH*

**CAIBIDIL 14 04 — COMHBHEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 14 04 | COMHBHEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA | | | | | | | | |
| ***14 04 01*** | ***Comhbheartas Slándála Sibhialta agus Cosanta (CBSC)*** | | | | | | | | |
| 14 04 01 01 | EULEX KOSOVO | 6 | 80 000 000 | 80 000 000 | 84 408 328 | 84 408 328 | 91 116 192,97 | 78 322 069,— | 97,90 |
| 14 04 01 02 | Misean faireacháin sa tSeoirsia | 6 | 22 000 000 | 22 000 000 | 23 506 116 | 23 506 116 | 23 057 620,72 | 32 893 408,30 | 149,52 |
| 14 04 01 03 | Misin shibhialtacha eile de chuid CBSC | 6 | 215 125 384 | 228 303 084 | 199 194 823 | 220 799 485 | 208 627 033,98 | 245 726 709,82 | 107,63 |
| 14 04 01 04 | Bearta éigeandála sibhialtacha CBSC | 6 | 12 079 558 | p.m. | 11 753 059 | p.m. | 2 349 571,18 | 36 116,12 | |
| 14 04 01 05 | Bearta ullmhúcháin sibhialtacha CBSC | 6 | 1 098 142 | p.m. | 1 068 460 | p.m. | 0,— | 232 439,18 | |
| | *Airteagal 14 04 01 — Fo-iomlán* | | 330 303 084 | 330 303 084 | 319 930 786 | 328 713 929 | 325 150 418,85 | 357 210 742,42 | 108,15 |
| ***14 04 02*** | ***Ionadaithe Speisialta an Aontais Eorpaigh*** | 6 | 21 962 832 | 21 962 832 | 24 369 196 | 24 369 196 | 12 614 547,27 | 12 118 876,88 | 55,18 |
| ***14 04 03*** | ***Neamhleathadh agus dí-armáil*** | 6 | 30 747 965 | 30 747 965 | 26 916 875 | 26 916 875 | 23 380 968,88 | 13 661 885,70 | 44,43 |
| | **Caibidil 14 04 — IOMLÁN** | | **383 013 881** | **383 013 881** | **371 216 857** | **380 000 000** | **361 145 935,—** | **382 991 505,—** | **99,99** |

*Barúlacha*

Tá leithreasuithe faoin gcaibidil seo beartaithe chun go gcumhdófar bearta agus oibríochtaí bainistithe géarchéime faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES), caiteachas a bhaineann le ceapadh Ionadaithe Speisialta an Aontais Eorpaigh (EUSRanna), mar aon le bearta lena rannchuidítear le neamhleathadh arm ollscriosta (airm núicléacha, cheimiceacha agus bhitheolaíocha).

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, as ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Comhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar na leithreasuithe comhfhreagracha agus a gcur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 52(1), pointe (g), de.

*Gníomhartha tagartha*

Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28).

## *14 04 01 Comhbheartas Slándála Sibhialta agus Cosanta (CBSC)*

*Barúlacha*

Faoin airteagal seo, tagann bearta bainistithe géarchéime CBES i réimse an fhaireacháin agus an fhíorúcháin ar phróisis síochána, ar réiteach coinbhleachta agus ar ghníomhaíochtaí cobhsúcháin eile, ar an smacht reachta agus ar mhisin póilíní. Féadfar oibríochtaí a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar thrasnuithe teorainneacha, ar chomhaontuithe síochána nó um shos cogaidh nó ar fhorbairtí polaitíochta agus slándála ar leibhéal níos ginearálta. Mar is amhlaidh le gach gníomhaíocht a mhaoinítear faoin gcaibidil seo, ní mór gach beart ábhartha a bheith ina bheart de chineál sibhialta.

### 14 04 01 01 EULEX KOSOVO

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 80 000 000 | 80 000 000 | 84 408 328 | 84 408 328 | 91 116 192,97 | 78 322 069,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv, i gcomhréir leis an mbunús dlí ábhartha a ghlac an Chomhairle, agus Sain-Dlísheomraí na Cosaive.

*Bunús dlí*

Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES ón gComhairle an 4 Feabhra 2008 maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv, EULEX KOSOVO (IO L 42, 16.2.2008, lch. 92).

**CAIBIDIL 14 04 — COMHBHEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA** *(Ar lean.)*

***14 04 01*** *(Ar lean.)*

14 04 01 02 Misean faireacháin sa tSeoirsia

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 22 000 000 | 22 000 000 | 23 506 116 | 23 506 116 | 23 057 620,72 | 32 893 408,30 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, i gcomhréir leis an mbunús dlí ábhartha a ghlac an Chomhairle.

*Bunús dlí*

Cinneadh 2010/452/CBES ón gComhairle an 12 Lúnasa 2010 maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia (IO L 213, 13.8.2010, lch. 43).

14 04 01 03 Misin shibhialtacha eile de chuid CBSC

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 215 125 384 | 228 303 084 | 199 194 823 | 220 799 485 | 208 627 033,98 | 245 726 709,82 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar bearta agus oibríochtaí eile bainistithe géarchéime seachas EULEX KOSOVO, Sain-Dlísheomraí na Cosaive agus EUMM Georgia. Tá sé beartaithe freisin go ndéanfar foráil leis maidir le reáchtáil Rúnaíocht an Choláiste Eorpaigh um Shlándáil agus um Chosaint agus a ardchóras cianfhoghlama bunaithe ar an Idirlíon, agus forbairt agus reáchtáil an Acadaimh Eorpaigh Taidhleoireachta, mar aon le costais an trádstórais le haghaidh mhisin shibhialtacha CBSC. Maoineofar gníomhaíochtaí a chumhdaítear le hAirteagal 28(1) CAE ón mír seo freisin.

*Bunús dlí*

Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES ón gComhairle an 12 Nollaig 2005 maidir le Misean Cúnaimh Teorann de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (IO L 327, 14.12.2005, lch. 28).

Cinneadh 2012/389/CBES ón gComhairle an 16 Iúil 2012 maidir le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhorbairt Acmhainní Muirí Réigiúnacha i gCorn na hAfraice (EUCAP NESTOR) (IO L 187, 17.7.2012, lch. 40).

**CAIBIDIL 14 04 — COMHBHEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA** *(Ar lean.)*

***14 04 01*** *(Ar lean.)*

14 04 01 03 *(Ar lean.)*

Cinneadh 2012/392/CBES ón gComhairle an 16 Iúil 2012 maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUCAP Sahel Niger) (IO L 187, 17.7.2012, lch. 48).

Cinneadh 2013/233/CBES ón gComhairle an 22 Bealtaine 2013 maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya) (IO L 138, 24.5.2013, lch. 15).

Cinneadh 2013/354/CBES ón gComhairle an 3 Iúil 2013 maidir le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na gCríoch Palaistíneach (EUPOL COPPS) (IO L 185, 4.7.2013, lch. 12).

Cinneadh 2014/219 CBES ón gComhairle an 15 Aibreán 2014 maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) (IO L 113, 16.4.2014, lch. 21).

Cinneadh 2014/486/CBES ón gComhairle an 22 Iúil 2014 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh i leith Athchóiriú na hEarnála Slándála Sibhialta san Úcráin (EUAM Ukraine). (IO L 217, 23.7.2014, lch. 42).

Cinneadh (CBES) 2017/1869 ón gComhairle an 16 Deireadh Fómhair 2017 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh a thacaíonn le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (IO L 266, 17.10.2017, lch. 12).

Cinneadh (CBES) 2018/653 ón gComhairle an 26 Aibreán 2018 maidir le cumas stórais a bhunú le haghaidh misin shibhialtacha bainistithe géarchéime (IO L 108, 27.4.2018, lch. 22).

Cinneadh ón gComhairle (CBES) 2018/1249 an 18 Meán Fómhair 2018 maidir le gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú le Sásra Cigireachta agus Fíoraithe na Náisiún Aontaithe in Éimin (IO L 235, 19.9.2018, lch. 14)

Cinneadh (CBES) 2019/1672 ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht an Aontais Eorpaigh a thacaíonn le Sásra Cigireachta agus Fíoraithe na Náisiún Aontaithe in Éimin (IO L 256, 7.10.2019, lch. 10).

Cinneadh (CBES) 2019/2110 ón gComhairle an 9 Nollaig 2019 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (IO L 318, 10.12.2019, lch. 141).

Cinneadh (CBES) 2020/1465 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Cigireachta agus Fíoraithe na Náisiún Aontaithe in Éimin (IO L 335, 13.10.2020, lch. 13).

Cinneadh (CBES) 2020/1515 ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2020 lena mbunaítear Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint (ESDC), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2016/2382 (IO L 348, 20.10.2020, lch. 1).

Cinneadh (CBES) 2023/162 ón gComhairle an 23 Eanáir 2023 maidir le misean de chuid an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) (IO L 22, 24.1.2023, lch. 29).

Cinneadh (CBES) 2023/855 ón gComhairle an 24 Aibreán 2023 maidir le Misean Comhpháirtíochta de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv (EUPM Moldova) (IO L 110, 25.4.2023, lch. 30).

Cinneadh (CBES) 2023/1599 ón gComhairle an 3 Lúnasa 2023 maidir le Tionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine (IO L 196, 4.8.2023, lch. 25).

**CAIBIDIL 14 04 — COMHBHEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA** *(Ar lean.)*

***14 04 01*** *(Ar lean.)*

14 04 01 03 *(Ar lean.)*

Cinneadh (CBES) 2023/2095 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1465 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe in Éimin (UNVIM) (IO L 241, 29.9.2023, lch.123).

*Gníomhartha tagartha*

Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle an 11 Bealtaine 2023 e haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le hAcadamh Eorpach Taidhleoireachta, HR(2023) 125.

14 04 01 04 Bearta éigeandála sibhialtacha CBSC

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 12 079 558 | p.m. | 11 753 059 | p.m. | 2 349 571,18 | 36 116,12 |

*Barúlacha*

Tá an leithreasú seo beartaithe maoiniú aon bhirt gan choinne faoi Airteagal 14 04 01 a chumhdach, a ndéantar cinneadh ina leith le linn na bliana airgeadais, nach mór a chur chun feidhme go práinneach.

Tá an mhír seo beartaithe freisin mar eilimint solúbthachta i mbuiséad CBES, a dtugtar tuairisc air i gComhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28).

*Bunús dlí*

Cinneadh (CBES) 2022/151 ón gComhairle an 3 Feabhra 2022 maidir le gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú le haslonnú daoine fíorleochaileacha áirithe ón Afganastáin (IO L 25, 4.2.2022, lch. 11).

Cinneadh (CBES) 2022/1506 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 maidir le gníomhaíocht an Aontais Eorpaigh chun tacú le forbairt na n-uirlisí teicneolaíochta faisnéise chun scaipeadh faisnéise faoi bhearta sriantacha an Aontais a fheabhsú (IO L 235, 12.9.2022, lch. 30).

**CAIBIDIL 14 04 — COMHBHEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA** *(Ar lean.)*

***14 04 01*** *(Ar lean.)*

14 04 01 05 Bearta ullmhúcháin sibhialtacha CBSC

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 1 098 142 | p.m. | 1 068 460 | p.m. | 0,— | 232 439,18 |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 58(2), pointe (c), den Rialachán Airgeadais, tá sé beartaithe go gcumhdóidh an leithreasú seo beartaithe chun caiteachas a mhaoiniú a bhaineann le bearta ullmhúcháin i réimse Theideal V CAE chun na dálaí a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí ón Aontas i réimse CBES agus chun na hionstraimí dlí is gá a ghlacadh. Féadfar bearta meastóireachta agus anailíse a chumhdach leis (meastóireacht *ex ante* ar mhodhanna, staidéir shonracha, eagrú cruinnithe, aimsiú fíoras ar an talamh). I réimse oibríochtaí bainistithe géarchéime an Aontais agus le haghaidh EUSRanna, go háirithe, féadfar bearta ullmhúcháin a úsáid, *inter alia*, chun measúnú a dhéanamh ar na ceanglais oibríochtúla le haghaidh gníomhaíocht atá á samhlú, chun foráil a dhéanamh maidir le mear-chur chun feidhme tosaigh pearsanra agus acmhainní (e.g. speansais misin, trealamh a cheannach, costais reáchtála agus árachais a réamh-mhaoiniú sa chéim thionscnaimh), nó chun na bearta is gá a dhéanamh ar an talamh chun ullmhú leis an oibríocht a sheoladh. Féadfar saineolaithe a chumhdach leis freisin a thacóidh le hoibríochtaí bainistithe géarchéime an Aontais i leith saincheisteanna teicniúla sonracha (e.g. riachtanais soláthair a shainaithint agus measúnú a dhéanamh orthu) nó oiliúint slándála le haghaidh foirne atá le himscaradh chuig misean CBES/foireann EUSR.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***14 04 02*** ***Ionadaithe Speisialta an Aontais Eorpaigh***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 21 962 832 | 21 962 832 | 24 369 196 | 24 369 196 | 12 614 547,27 | 12 118 876,88 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas uile i dtaca le ceapadh Ionadaithe Speisialta an Aontais Eorpaigh (EUSRanna) i gcomhréir le hAirteagal 33 CAE.

***14 04 02*** *(Ar lean.)*

Ba cheart EUSRanna a cheapadh agus aird chuí á tabhairt ar bheartais maidir le comhionannas inscne agus le príomhshruthú inscne, agus ba cheart ceapadh EUSRanna ar mná iad a chur chun cinn dá bhrí sin.

Cumhdaítear leis an leithreasú seo caiteachas ar thuarastail EUSRanna agus caiteachas ar a gcuid foirne agus/nó struchtúr tacaíochta a chur ar bun, lena n-áirítear costais taistil agus costais foirne seachas na costais sin a bhaineann le foireann atá tugtha ar iasacht ag na Ballstáit nó ag institiúidí an Aontais. Cumhdaítear leis freisin aon chostas d'aon tionscadail a chuirtear chun feidhme faoi fhreagracht dhíreach EUSR.

*Bunús dlí*

Cinneadh (CBES) 2018/907 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2018 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia (IO L 161, 26.6.2018, lch. 27).

Cinneadh (CBES) 2019/346 ón gComhairle an 28 Feabhra 2019 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine (IO L 62, 1.3.2019, lch. 12).

Cinneadh (CBES) 2019/1340 ón gComhairle an 8 Lúnasa 2019 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin (IO L 209, 9.8.2019, lch. 10).

Cinneadh (CBES) 2020/489 ón gComhairle an 2 Aibreán 2020 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar (IO L 105, 3.4.2020, lch. 3).

Cinneadh (CBES) 2020/1135 ón gComhairle an 30 Iúil 2020 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (IO L 247, 31.7.2020, lch. 25).

Cinneadh (CBES) 2021/710 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh le haghaidh Phróiseas Síochána an Mheánoirthir (IO L 147, 30.4.2021, lch. 12).

Cinneadh (CBES) 2021/1011 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don tSaiheil (IO L 222, 22.6.2021, lch. 21).

Cinneadh (CBES) 2021/1012 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chorn na hAfraice (IO L 222, 22.6.2021, lch. 27).

Cinneadh (CBES) 2021/1013 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Áise Láir (IO L 222, 22.6.2021, lch. 33).

Cinneadh (CBES) 2023/963 ón gComhairle an 15 Bealtaine 2023 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Réigiún na Murascaille (IO L 129, 16.5.2023, lch. 12).

***14 04 03*** ***Neamhleathadh agus dí-armáil***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 30 747 965 | 30 747 965 | 26 916 875 | 26 916 875 | 23 380 968,88 | 13 661 885,70 |

***14 04 03*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá an leithreasú seo beartaithe chun bearta a mhaoiniú lena rannchuidítear le neamhleathadh na n-arm ollscriosta (airm núicléacha, cheimiceacha agus bhitheolaíocha), go príomha faoi chuimsiú Straitéis an Aontais in aghaidh Leathadh Arm Ollscriosta mhí na Nollag 2003. Áirítear leis sin tacaíocht le bearta a chuireann eagraíochtaí idirnáisiúnta chun feidhme sa réimse sin.

Tá an leithreasú seo beartaithe chun bearta a mhaoiniú lena rannchuidítear le neamhleathadh na ngnáth-armán agus le hoibríochtaí chun carnadh díchobhsaíoch mionarm agus armán éadrom agus an gháinneáil a dhéantar orthu a chomhrac. Áirítear leis sin tacaíocht le bearta a chuireann eagraíochtaí idirnáisiúnta chun feidhme sa réimse sin.

*Bunús dlí*

Cinneadh (CBES) 2016/2001 ón gComhairle an 15 Samhain 2016 maidir le ranníocaíocht ón Aontas le bunú agus le bainistiú slán Bainc um Ísealshaibhriú Úráiniam (LEU) faoi rialú na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) faoi chuimsiú Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 308, 16.11.2016, lch. 22).

Cinneadh (CBES) 2017/2303 ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 a thacaíonn le cur chun feidhme leanúnach Rún 2118 (2013) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le cinneadh EC-M-33/DEC.1 ó Chomhairle Feidhmiúcháin OPCW maidir le díothú airm cheimiceacha na Siria, faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 329, 13.12.2017, lch. 55).

Cinneadh (CBES) 2018/1789 ón gComhairle an 19 Samhain 2018 a thacaíonn leis an gcomhrac i gcoinne na trádála aindleathaí i mionairm agus in airm éadroma agus a leathadh i mBallstáit Léig na Stát Arabach (IO L 293, 20.11.2018, lch. 24).

Cinneadh (CBES) 2019/97 ón gComhairle an 21 Eanáir 2019 a thacaíonn leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine faoi chuimsiú Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 19, 22.1.2019, lch. 11).

Cinneadh (CBES) 2019/1296 ón gComhairle an 31 Iúil 2019 a thacaíonn le sábháilteacht agus slándáil bhitheolaíoch a neartú san Úcráin i gcomhréir le cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le neamhleathadh arm ollscriosta agus a modhanna seachadta (IO L 204, 2.8.2019, lch. 29).

Cinneadh (CBES) 2019/1298 ón gComhairle an 31 Iúil 2019 a thacaíonn le hidirphlé an Afraic-an tSín-an Eoraip agus le comhar maidir le hatreorú arm agus armlóin a chosc san Afraic (IO L 204, 2.8.2019, lch. 37).

Cinneadh (CBES) 2019/2009 ón gComhairle an 2 Nollaig 2019 a thacaíonn le hiarrachtaí na hÚcráine chun gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE (IO L 312, 3.12.2019, lch. 42).

Cinneadh (CBES) 2019/2108 ón gComhairle an 9 Nollaig 2019 a thacaíonn le sábháilteacht agus slándáil bhitheolaíoch a neartú i Meiriceá Laidineach i gcomhréir le cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le neamhleathadh arm ollscriosta agus a modhanna seachadta (IO L 318, 10.12.2019, lch. 123).

**CAIBIDIL 14 04 — COMHBHEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA** *(Ar lean.)*

***14 04 03*** *(Ar lean.)*

Cinneadh (CBES) 2019/2111 ón gComhairle an 9 Nollaig 2019 a thacaíonn le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe airm SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa chun bagairt na mionarmán agus na n-armán éadrom agus a n-armlón a laghdú (IO L 318, 10.12.2019, lch. 147).

Cinneadh (CBES) 2019/2191 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 a thacaíonn le sásra tuairiscithe domhanda ar ghnáth-airm aindleathacha mar aon lena n-armlón chun an baol a bhaineann lena n-atreorú agus a n-aistriú aindleathach a laghdú (iTrace IV) (IO L 330, 20.12.2019, lch. 53).

Cinneadh (CBES) 2020/732 ón gComhairle an 2 Meitheamh 2020 chun tacú le Sásra Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe um imscrúdú ar úsáid líomhnaithe arm ceimiceach agus bitheolaíoch nó tocsaineach (IO L 172 I, 3.6.2020, lch. 5).

Cinneadh (CBES) 2020/901 ón gComhairle an 29 Meitheamh 2020 maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumas faireacháin agus fíoraithe a neartú agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 207, 30.6.2020, lch. 15).

Cinneadh (CBES) 2020/1656 ón gComhairle an 6 Samhain 2020 maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) i réimsí na slándála núicléiche agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 372, 9.11.2020, lch. 4).

Cinneadh (CBES) 2021/257 ón gComhairle an 18 Feabhra 2021 chun tacú le Plean Gníomhaíochta Osló le haghaidh chur chun feidhme Choinbhinsiún 1997 maidir le Toirmeasc ar Úsáid, Stoc-charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú (IO L 58, 19.2.2021, lch. 41).

Cinneadh (CBES) 2021/1026 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 chun tacú le Clár Cibearshlándála agus Athléimneachta agus Dearbhaithe Faisnéise na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 224, 24.6.2021, lch. 24).

Cinneadh (CBES) 2021/1694 ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2021 chun tacú le huiliú, cur chun feidhme agus neartú an Choinbhinsiúin maidir le Toirmisc nó Srianta ar Úsáid Gnáth-Arm Áirithe a mheasfaí a bheith Ródhíobhálach nó a measfaí Éifeachtaí Neamh-Idirdhealaitheacha a bheith acu (CCW) (IO L 334, 22.9.2021, lch. 14).

Cinneadh (CBES) 2021/1726 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2021 a thacaíonn leis an gcomhrac i gcoinne na trádála aindleathaí i mionairm agus in airm éadroma agus a leathadh i mBallstáit Léig na Stát Arabach – Céim II (IO L 344, 29.9.2021, lch. 7).

Cinneadh (CBES) 2021/2072 ón gComhairle an 25 Samhain 2021 chun tacú le hathléimneacht a chothú sa bhithshábháilteacht agus sa bhithshlándáil tríd an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (IO L 421, 26.11.2021, lch. 56).

Cinneadh (CBES) 2021/2073 ón gComhairle an 25 Samhain 2021 chun tacú le héifeachtacht oibríochtúil na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) a fheabhsú trí bhíthin íomhánna satailíte (IO L 421, 26.11.2021, lch. 65).

Cinneadh (CBES) 2021/2133 ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena dtacaítear leis an gclár cuimsitheach chun tacú le hiarrachtaí gáinneáil aindleathach Mionarm agus Armán Éadrom (SALW) agus Gnáth-Armlóin (CA) a chosc agus a chomhrac in Oirdheisceart na hEorpa (IO L 432, 3.12.2021, lch. 36).

**CAIBIDIL 14 04 — COMHBHEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA** *(Ar lean.)*

***14 04 03*** *(Ar lean.)*

Cinneadh (CBES) 2021/2309 ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais a thacaíonn le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 461, 27.12.2021, lch. 78).

Cinneadh (CBES) 2022/597 ón gComhairle an 11 Aibreán 2022 lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála (IO L 114, 12.4.2022, lch. 75).

Cinneadh 1999/786/CE ón gComhairle an 29 Samhain 1999 lena ndeonaítear Ráthaíocht Chomhphobail don Bhanc Eorpach Infheistíochta (BEI) in aghaidh caillteanas faoi iasachtaí le haghaidh tionscadal chun limistéir i bPoblacht na Tuirce atá thíos le crith talún a atógáil (IO L 308, 3.12.1999, lch. 35).

Cinneadh 2000/24/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1999 lena ndeonaítear Ráthaíocht Chomhphobail don Bhanc Eorpach Infheistíochta in aghaidh caillteanas faoi iasachtaí le haghaidh tionscadal lasmuigh den Chomhphobal (tíortha Lár agus Oirthear na hEorpa, tíortha na Meánmhara, tíortha Mheiriceá Laidinigh agus na hÁise agus Poblacht na hAfraice Theas) (IO L 9, 13.1.2000, lch. 24).

Cinneadh 2000/244/CE ón gComhairle an 20 Márta 2000 lena leasaítear Cinneadh 97/787/CE lena soláthraítear cúnamh airgeadais eisceachtúil don Airméin agus don tSeoirsia chun síneadh a chur leis chun Poblacht na Táidsíceastáine a chuimsiú (IO L 77, 28.3.2000, lch. 11) (uasmhéid EUR 245 000 000 i bhfoirm príomhshuime).

**CAIBIDIL 14 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, RÉAMHBHEARTA, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***14 20 03*** *(Ar lean.)*

14 20 03 02 *(Ar lean.)*

Cinneadh 2000/688/CE ón gComhairle an 7 Samhain 2000 lena leasaítear Cinneadh 2000/24/CE chun síneadh a chur leis an Ráthaíocht Chomhphobail arna deonú don Bhanc Eorpach Infheistíochta chun iasachtaí le haghaidh tionscadal sa Chróit a chumhdach (IO L 285, 10.11.2000, lch. 20).

Cinneadh 2000/788/CE ón gComhairle an 4 Nollaig 2000 lena leasaítear Cinneadh 2000/24/CE chun clár gníomhaíochta speisialta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a bhunú chun tacú le comhdhlúthú agus le géarú an aontais chustaim idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na Tuirce (IO L 314, 14.12.2000, lch. 27).

Cinneadh 2001/549/CE ón gComhairle an 16 Iúil 2001 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht Chónaidhme na hIúgslaive (IO L 197, 21.7.2001, lch. 38).

Cinneadh 2001/777/CE ón gComhairle an 6 Samhain 2001 lena ndeonaítear Ráthaíocht Chomhphobail don Bhanc Eorpach Infheistíochta in aghaidh caillteanas faoi ghníomhaíocht iasachtaithe speisialta le haghaidh tionscadal comhshaoil roghnaithe in imchuach Mhuir Bhailt na Rúise faoi Dhiminsean an Tuaiscirt (IO L 292, 9.11.2001, lch. 41).

Cinneadh 2001/778/CE ón gComhairle an 6 Samhain 2001 lena leasaítear Cinneadh 2000/24/CE chun síneadh a chur leis an Ráthaíocht Chomhphobail arna deonú don Bhanc Eorpach Infheistíochta chun iasachtaí le haghaidh tionscadal i bPoblacht Chónaidhme na hIúgslaive a chumhdach (IO L 292, 9.11.2001, lch. 43).

Cinneadh 2002/639/CE ón gComhairle an 12 Iúil 2002 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais forlíontach don Úcráin (IO L 209, 6.8.2002, lch. 22).

Cinneadh 2002/882/CE ón gComhairle an 5 Samhain 2002 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais forlíontach do Phoblacht Chónaidhme na hIúgslaive (IO L 308, 9.11.2002, lch. 25).

Cinneadh 2002/883/CE ón gComhairle an 5 Samhain 2002 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais breise don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin (IO L 308, 9.11.2002, lch. 28).

Cinneadh 2003/825/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 lena leasaítear Cinneadh 2002/882CE lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais breise do Phoblacht Chónaidhme na hIúgslaive maidir le cúnamh macrairgeadais breise do Phoblacht na Seirbia agus do Mhontainéagró (IO L 311, 27.11.2003, lch. 28).

Cinneadh 2004/580/AE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na hAlbáine agus lena n-aisghairtear Cinneadh 1999/282/CE (IO L 261, 6.8.2004, lch. 116).

Cinneadh 2004/861/CE ón gComhairle an 7 Nollaig 2004 lena leasaítear Cinneadh 2002/883/CE ón gComhairle lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais breise don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin (IO L 370, 17.12.2004, lch. 80).

Cinneadh 2004/862/CE ón gComhairle an 7 Nollaig 2004 maidir le cúnamh macrairgeadais breise don tSeirbia agus do Mhontainéagró agus lena leasaítear Cinneadh 2002/882/CE lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais breise do Phoblacht Chónaidhme na hIúgslaive (IO L 370, 17.12.2004, lch. 81).

Cinneadh 2005/47/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 lena leasaítear Cinneadh 2000/24/CE chun méadú an Aontais Eorpaigh agus Beartas Comharsanachta na hEorpa a chur san áireamh (IO L 21, 25.1.2005, lch. 9).

Cinneadh 2005/48/CEE ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 lena ndeonaítear Ráthaíocht Chomhphobail don Bhanc Eorpach Infheistíochta in aghaidh caillteanas faoi iasachtaí le haghaidh cineálacha áirithe tionscadal sa Rúis, an Úcráin, Poblacht na Moldóive agus Poblacht na Bealarúise (IO L 21, 25.1.2005, lch. 11).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 14 — GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH*

**CAIBIDIL 14 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, RÉAMHBHEARTA, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***14 20 03*** *(Ar lean.)*

14 20 03 02 *(Ar lean.)*

Cinneadh 2006/174/CE ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 lena leasaítear Cinneadh 2000/24/CE chun Poblacht Oileáin Mhaildíve a áireamh i liosta na dtíortha a chumhdaítear, tar éis na súnámaithe san Aigéan Indiach i mí na Nollag 2004 (IO L 62, 3.3.2006, lch. 26).

Cinneadh 2007/860/CE ón gComhairle an 10 Nollaig 2007 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais ón gComhphobal chuig an Liobáin (IO L 337, 21.12.2007, lch. 111).

Cinneadh 2009/890/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais don Airméin (IO L 320, 5.12.2009, lch. 3).

Cinneadh 2009/891/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais breise do Bhoisnia agus don Heirseagaivéin (IO L 320, 5.12.2009, lch. 6).

Cinneadh 2009/892/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na Seirbia (IO L 320, 5.12.2009, lch. 9).

Cinneadh Uimh. 388/2010/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais don Úcráin (IO L 179, 14.7.2010, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 1080/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 lena ndeonaítear ráthaíocht ón Aontas don Bhanc Eorpach Infheistíochta in aghaidh caillteanas faoi iasachtaí agus faoi ráthaíochtaí iasachta le haghaidh tionscadal lasmuigh den Aontas agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 633/2009/CE (IO L 280, 27.10.2011, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 778/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Lúnasa 2013 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais breise don tSeoirsia (IO L 218, 14.8.2013, lch. 15).

Cinneadh Uimh. 1025/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na Cirgise (IO L 283, 25.10.2013, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 1351/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le cúnamh macrairgeadais a sholáthar do Ríocht Haisimíteach na hIordáine (IO L 341, 18.12.2013, lch. 4)

Cinneadh 2014/215/AE ón gComhairle an 14 Aibreán 2014 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais don Úcráin (IO L 111, 15.4.2014, lch. 85).

Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena ndeonaítear ráthaíocht ón Aontas Eorpach don Bhanc Eorpach Infheistíochta in aghaidh caillteanas faoi oibríochtaí maoiniúcháin lena dtacaítear le tionscadail infheistíochta lasmuigh den Aontas (IO L 135, 8.5.2014, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 534/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na Túinéise (IO L 151, 21.5.2014, lch. 9).

Cinneadh (AE) 2015/601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Aibreán 2015 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais don Úcráin (IO L 100, 17.4.2015, lch. 1).

Cinneadh (AE) 2016/1112 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le cúnamh macrairgeadais breise a sholáthar don Túinéis (IO L 186, 9.7.2016, lch. 1).

**CAIBIDIL 14 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, RÉAMHBHEARTA, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***14 20 03*** *(Ar lean.)*

14 20 03 02 *(Ar lean.)*

Cinneadh (AE) 2016/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le cúnamh macrairgeadais breise a sholáthar do Ríocht Haisimíteach na hIordáine (IO L 352, 23.12.2016, lch. 18).

Cinneadh (AE) 2017/1565 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le cúnamh macrairgeadais a sholáthar do Phoblacht na Moldóive (IO L 242, 20.9.2017, lch. 14).

Cinneadh (AE) 2018/598 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le cúnamh macrairgeadais breise a sholáthar don tSeoirsia (IO L 103, 23.4.2018, lch. 8).

Cinneadh (AE) 2018/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le cúnamh macrairgeadais breise a sholáthar don Úcráin (IO L 171, 6.7.2018, lch. 11).

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1), agus go háirithe Teideal X de.

Cinneadh (AE) 2020/33 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2020 maidir le cúnamh macra-airgeadais breise a sholáthar do Ríocht Haisimíteach na hIordáine (IO L 14, 17.1.2020, lch. 1).

Cinneadh (AE) 2020/701 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le cúnamh macrairgeadais a sholáthar do chomhpháirtithe um méadú agus comhpháirtithe comharsanachta i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 (IO L 165, 27.5.2020, lch. 31).

Cinneadh (AE) 2022/313 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais don Úcráin (IO L 55, 28.2.2022, lch. 4).

Cinneadh (AE) 2022/563 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na Moldóive (IO L 109, 8.4.2022, lch. 6).

Cinneadh (AE) 2022/1201 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2022 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin (IO L 186, 13.7.2022, lch. 1).

Cinneadh (AE) 2022/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2022 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin, lena ndaingnítear an Ciste don Soláthar Coiteann le ráthaíochtaí ó na Ballstáit agus le soláthar sonrach le haghaidh roinnt dliteanas airgeadais a bhaineann leis an Úcráin arna ráthú faoi Chinneadh Uimh. 466/2014/AE, agus lena leasaítear Cinneadh (AE) 2022/1201 (IO L 245, 22.9.2022, lch. 1),

Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

Rialachán (AE) 2022/2463 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +) (IO L 322, 16.12.2022, lch. 1).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 14 — GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH*

**CAIBIDIL 14 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, RÉAMHBHEARTA, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***14 20 03*** *(Ar lean.)*

14 20 03 03 Soláthar don chiste don soláthar coiteann — athshreabha

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go bhfaighidh an mhír seo aisíocaíochtaí caipitil agus ioncaim chaipitil ó ráthaíochtaí buiséadacha, más rud é nach féidir iad sin a chur i leith línte eile, agus chun foráil a dhéanamh maidir le soláthar gaolmhar an chiste don soláthar coiteann.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1), agus go háirithe Teideal X de.

Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

14 20 03 04 An Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha — Soláthar scaireanna láníoctha de chaipiteal suibscríofa

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá an mhír seo beartaithe chun go gcumhdófar maoiniú an chaipitil arna shuibscríobh ag an Aontas sa Bhanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha.

**CAIBIDIL 14 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, RÉAMHBHEARTA, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***14 20 03*** *(Ar lean.)*

14 20 03 04 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Cinneadh 90/674/CEE ón gComhairle an 19 Samhain 1990 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (IO L 372, 31.12.1990, lch. 1).

Cinneadh 97/135/CE ón gComhairle an 17 Feabhra 1997 lena bhforáiltear gur cheart don Chomhphobal Eorpach suibscríobh le haghaidh scaireanna breise mar thoradh ar an gcinneadh chun caipiteal an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha a dhúbailt (IO L 52, 22.2.1997, lch. 15).

Cinneadh Uimh. 1219/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 a bhaineann le suibscríbhinn an Aontais Eorpaigh ar scaireanna breise i gcaipiteal an Bhainc Eorpaigh um Athfhoirgníocht agus Forbairt (BEAF) mar thoradh ar an gcinneadh chun an caipiteal sin a mhéadú (IO L 313, 26.11.2011, lch. 1).

14 20 03 05 An Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha — Sciar inghlaoite de chaipiteal suibscríofa

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá an mhír seo beartaithe chun go gcumhdófar maoiniú an chaipitil arna shuibscríobh ag an Aontas sa Bhanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF).

EUR 29 758 740 000 atá i mbonn caipitil suibscríofa reatha BEAF, agus is é EUR 900 440 000 (3 %) an scairchaipiteal iomlán arna shuibscríobh ag an Aontas. EUR 187 810 000 atá i scaireanna lánioctha an chaipitil suibscríofa, rud a fhágann sciar inghlaoite de chaipiteal suibscríofa de EUR 712 630 000.

*Bunús dlí*

Cinneadh 90/674/CEE ón gComhairle an 19 Samhain 1990 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (IO L 372, 31.12.1990, lch. 1).

Cinneadh 97/135/CE ón gComhairle an 17 Feabhra 1997 lena bhforáiltear gur cheart don Chomhphobal Eorpach suibscríobh le haghaidh scaireanna breise mar thoradh ar an gcinneadh chun caipiteal an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha a dhúbailt (IO L 52, 22.2.1997, lch. 15).

Cinneadh Uimh. 1219/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 a bhaineann le suibscríbhinn an Aontais Eorpaigh ar scaireanna breise i gcaipiteal an Bhainc Eorpaigh um Athfhoirgníocht agus Forbairt (BEAF) mar thoradh ar an gcinneadh chun an caipiteal sin a mhéadú (IO L 313, 26.11.2011, lch. 1).

14 20 03 06 Eagraíochtaí agus comhaontuithe idirnáisiúnta

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 23 979 425 | 23 979 425 | 21 718 845 | 21 718 845 | 19 813 010,10 | 19 550 694,58 |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 239 den Rialachán Airgeadais, Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ranníocaíochtaí éigeantacha agus deonacha nó táillí comhaltais an Aontais le roinnt coinbhinsiún, prótacal agus comhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtí iontu an tAontas agus obair ullmhúcháin le haghaidh comhaontuithe idirnáisiúnta amach anseo a mbeidh baint ag an Aontas leo..

I roinnt cásanna, áirítear ranníocaíochtaí le prótacail dá éis i ranníocaíochtaí lena mbunchoinbhinsiún.

Áirítear leis na coinbhinsiúin, prótacail agus comhaontuithe idirnáisiúnta sin, *inter alia*:

— ranníocaíochtaí an Aontais leis an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC),

— ranníocaíocht an Aontais leis an Idirphlé Cánach Idirnáisiúnta (ITD),

— ranníocaíocht leis an Aontas Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha Nua Plandaí (UPOV), arna chur ar bun leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta do Chosaint Cineálacha Nua Plandaí arna leasú go deireanach an 19 Márta 1991, lena bhforáiltear maidir le ceart maoine eisiach le haghaidh póraitheoirí cineálacha nua plandaí,

— rannchuidiú le Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac (FCTC) agus maidir le Prótacal FCTC ar mhaithe le Trádáil Aindleathach i dTáirgí Tobac a dhíothú, ar prótacal é a dhaingnigh an Comhphobal agus a bhfuil an tAontas ina pháirtí ann,

— ranníocaíocht atá dlite ag an Aontas chun an buiséad riaracháin a chumhdach a eascraíonn as a bhallraíocht i FAO, mar aon leis an gConradh Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht, tar éis a dhaingnithe,

— rannchuidiú le comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha agus idirnáisiúnta,

— ranníocaíocht an Aontais leis an gComhphobal Fuinnimh,

— ranníocaíocht an Aontais leis an gComhphobal Iompair.

Táillí comhaltais bliantúla nach mór don Aontas a íoc as a rannpháirtíocht sna comhaontuithe idirnáisiúnta seo a leanas ar fhorais a inniúlachta eisiach sa réimse:

— An Eagraíocht Idirnáisiúnta Caife,

— An Eagraíocht Idirnáisiúnta Cócó,

— An Coiste Comhairleach Idirnáisiúnta um Chadás nuair a dhéanfar é a fhormheas,

**CAIBIDIL 14 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, RÉAMHBHEARTA, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***14 20 03*** *(Ar lean.)*

14 20 03 06 *(Ar lean.)*

— An Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra (ISO),

— An Chomhairle Idirnáisiúnta Grán (IGC),

— An Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hola olóige (COI),

— Aontas Liospóin den Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil.

*Bunús dlí*

Cinneadh 77/585/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1977 lenar tugadh i gcrích an Coinbhinsiún chun an Mheánmhuir a chosaint ar thruailliú agus an Prótacal maidir le truailliú na Meánmhara trí dhumpáil ó longa agus aerárthaí a chosc (IO L 240, 19.9.1977, lch. 1).

Cinneadh 81/462/CEE ón gComhairle an 11 Meitheamh 1981 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le truailliú aeir trasteorann fadraoin (IO L 171, 27.6.1981, lch. 11).

Cinneadh 82/72/CEE ón gComhairle an 3 Nollaig 1981 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa (IO L 38, 10.2.1982, lch. 1).

Cinneadh 82/461/CEE ón gComhairle an 24 Meitheamh 1982 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le caomhnú na speiceas imirceach ainmhithe fiáine (IO L 210, 19.7.1982, lch. 10) agus comhaontuithe gaolmhara.

Cinneadh 84/358/CEE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1984 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Comhar faoi Dhéileáil le Truailliú na Mara Thuaidh ag Ola agus ag Substaintí Dochracha Eile (IO L 188, 16.7.1984, lch. 7).

Cinneadh 86/277/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1986 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 maidir le truailliú aeir trasteorann fadraoin, ar mhaoiniú fadtéarma an chláir comhairíochta chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar thruailleáin aeir tarchurtha fadraoin san Eoraip (EMEP) (IO L 181, 4.7.1986, lch. 1).

Cinneadh 88/540/CEE ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 1988 maidir le tabhairt i gcrích Choinbhinsiún Vín um chosaint an chisil ózóin agus Phrótacal Montreal um shubstaintí a ídíonn an ciseal ózóin (IO L 297, 31.10.1988, lch. 8).

Cinneadh ón gComhairle an 25 Samhain 1991 maidir le haontachas Chomhphobail Eacnamaíochta na hEorpa le hEagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) (IO C 326, 16.12.1991, lch. 238).

Cinneadh 92/580/CEE ón gComhairle an 13 Samhain 1992 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Siúcra 1992 (IO L 379, 23.12.1992, lch. 15).

Cinneadh 93/98/CEE ón gComhairle an 1 Feabhra 1993 i ndáil le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin, thar ceann an Chomhphobail, maidir le Rialú gluaiseachtaí trasteorann dramhaíola guaisí agus a diúscairt (Coinbhinsiún Basel) (IO L 39, 16.2.1993, lch. 1).

**CAIBIDIL 14 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, RÉAMHBHEARTA, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***14 20 03*** *(Ar lean.)*

14 20 03 06 *(Ar lean.)*

Cinneadh 93/550/CEE ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 1993 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe um chomhar maidir le cóstaí agus uiscí an Atlantaigh thoir-thuaidh a chosaint ar thruailliú (IO L 267, 28.10.1993, lch. 20).

Cinneadh 93/626/CEE ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 1993 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (IO L 309, 13.12.1993, lch. 1).

Cinneadh 94/69/CE ón gComhairle an 15 Nollaig 1993 maidir le tabhairt i gcrích Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IO L 33, 7.2.1994, lch. 11).

Cinneadh 94/156/CE ón gComhairle an 21 Feabhra 1994 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún um Chosaint Mhuirthimpeallacht Limistéar Mhuir Bhailt 1974 (Coinbhinsiún Heilsincí) (IO L 73, 16.3.1994, lch. 1).

Cinneadh 95/308/CE ón gComhairle an 24 Iúil 1995 i ndáil le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail, an Choinbhinsiúin maidir le cosaint agus úsáid sruthchúrsaí trasteorann agus lochanna idirnáisiúnta (IO L 186, 5.8.1995, lch. 44).

Cinneadh 96/88/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 1995 lenar fhormheas an Comhphobal Eorpach an Coinbhinsiún Trádála Gráin agus an Coinbhinsiún um Chúnamh Bia, lenar bunaíodh an Comhaontú Idirnáisiúnta Grán, 1995 (IO L 21, 27.1.1996, lch. 47).

Cinneadh ón gComhairle an 27 Meitheamh 1997 i ndáil le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail, an Choinbhinsiúin maidir le measúnacht tionchair timpeallachta i gcomhthéacs trasteorann (Coinbhinsiún ESPOO) (IO C 104, 24.4.1992, lch. 5; níl an cinneadh maidir leis an togra foilsithe).

Cinneadh 97/825/CEE ón gComhairle an 24 Samhain 1997 i ndáil le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le comhoibriú um chosaint agus um úsáid inbhuanaithe na Danóibe (IO L 342, 12.12.1997, lch. 18).

Cinneadh 98/216/CE ón gComhairle an 9 Márta 1998 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac sna tíortha ina bhfuil triomach mór agus/nó gaineamhlú, go háirithe san Afraic (IO L 83, 19.3.1998, lch. 1).

Cinneadh 98/249/CE ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 1997 i ndáil le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le cosaint mhuirthimpeallacht an Atlantaigh thoir thuaidh (IO L 104, 3.4.1998, lch. 1).

Cinneadh ón gComhairle 98/685/CE an 23 Márta 1998 a bhaineann le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir leis na hÉifeachtaí Trasteorann a leanann as Tionóiscí Tionsclaíocha (IO L 326, 3.12.1998, lch. 1).

Cinneadh 2000/706/CE ón gComhairle an 7 Samhain 2000 a bhaineann le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail, an Choinbhinsiúin um Chosaint na Réine (IO L 289, 16.11.2000, lch. 30).

Cinneadh 2002/358/CE ón gComhairle an 25 Aibreán 2002 maidir le formheas, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Phrótacal Kyoto a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus comhlíonadh comhpháirteach na ngealltanas faoi sin (IO L 130, 15.5.2002, lch. 1).

Cinneadh 2002/628/CE ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Phrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht (IO L 201, 31.7.2002, lch. 48).

**CAIBIDIL 14 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, RÉAMHBHEARTA, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***14 20 03*** *(Ar lean.)*

14 20 03 06 *(Ar lean.)*

Cinneadh 2002/970/CE ón gComhairle an 18 Samhain 2002 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Cócó (IO L 342, 17.12.2002, lch. 1).

Cinneadh 2004/513/CE ón gComhairle an 2 Meitheamh 2004 maidir le tabhairt i gcrích Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac (IO L 213, 15.6.2004, lch. 8).

Cinneadh 2004/869/CE ón gComhairle an 24 Feabhra 2004 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht (IO L 378, 23.12.2004, lch. 1).

Cinneadh 2005/370/CE ón gComhairle an 17 Feabhra 2005 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Choinbhinsiúin maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil (IO L 124, 17.5.2005, lch. 1).

Cinneadh 2005/523/CE ón gComhairle an 30 Bealtaine 2005 lenar bhformheastar aontachas an Chomhphobail Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta do Chosaint Cineálacha Nua Plandaí, arna athmheas sa Ghinéiv an 19 Márta 1991 (IO L 192, 22.7.2005, lch. 63).

Cinneadh 2016/1892/CE ón gComhairle an 14 Samhain 2005 i ndáil le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hola olóige agus ológa boird, 2005 (IO L 302, 19.11.2005, lch. 46).

Cinneadh 2006/61/CE ón gComhairle an 2 Nollaig 2005 i ndáil le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Phrótacal NA/CEE maidir le Cláir Scaoileadh Amach agus Aistriú Truailleán (IO L 32, 4.2.2006, lch. 54).

Cinneadh 2006/500/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2006 maidir le tabhairt i gcrích Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh ag an gComhphobal Eorpach (IO L 198, 20.7.2006, lch. 15).

Cinneadh 2006/507/CE ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2004 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Choinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha (IO L 209, 31.7.2006, lch. 1).

Cinneadh 2006/730/CE ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2006 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Choinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dtaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh ceimiceáin agus lotnaidicídí guaiseacha áirithe sa trádáil idirnáisiúnta (IO L 299, 28.10.2006, lch. 23).

Cinneadh 2006/871/CE ón gComhairle an 18 Iúil 2005 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Chomhaontaithe maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú (IO L 345, 8.12.2006, lch. 24).

Cinneadh 2007/668/CE ón gComhairle an 25 Meitheamh 2007 maidir le cearta agus oibleagáidí cosúil le ballraíocht á bhfeidhmiú *ad interim* ag an gComhphobal Eorpach san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (IO L 274, 18.10.2007, lch. 11).

Cinneadh 2008/76/CE ón gComhairle an 21 Eanáir 2008 maidir leis an seasamh atá le glacadh ag an gComhphobal laistigh den Chomhairle Idirnáisiúnta Cócó i dtaobh leathnú an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Cócó, 2001 (IO L 23, 26.1.2008, lch. 27).

Cinneadh 2008/579/CE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2008 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Caife 2007 thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 186, 15.7.2008, lch. 12).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 14 — GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH*

**CAIBIDIL 14 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, RÉAMHBHEARTA, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***14 20 03*** *(Ar lean.)*

14 20 03 06 *(Ar lean.)*

Cinneadh 2008/871/CE ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2008 maidir le formheas a thabhairt, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, don Phrótacal maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta a ghabhann le Coinbhinsiún NA/ECE 1991 maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta i gComhthéacs Trasteorann (IO L 308, 19.11.2008, lch. 33).

Cinneadh 2011/634/AE ón gComhairle an 17 Bealtaine 2011 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Idirnáisiúnta Cócó 2010 agus maidir lena chur i bhfeidhm sealadach (IO L 259, 4.10.2011, lch. 7).

Cinneadh 2011/731/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Idirnáisiúnta 2006 um Adhmad Trópaiceach (IO L 294, 12.11.2011, lch. 1).

Cinneadh 2012/189/AE ón gComhairle an 26 Márta 2012 maidir le tabhairt i gcrích Chomhaontú Idirnáisiúnta Cócó 2010 (IO L 102, 12.4.2012, lch. 1).

Cinneadh 2014/283/AE ón gComhairle an 14 Aibreán 2014 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Phrótacal Nagoya maidir le Rochtain ar Acmhainní Géiniteacha agus Comhroinnt Chothrom agus Chothromasach na dTairbhí a Eascraíonn as a nÚsáid a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (IO L 150, 20.5.2014, lch. 231).

Cinneadh 2014/664/AE ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2014 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh faoi chuimsiú Chomhairle chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg maidir le fadú Chomhaontú Idirnáisiúnta 2005 maidir le hola olóige agus ológa boird (IO L 275, 17.9.2014, lch. 6).

Cinneadh (AE) 2015/451 ón gComhairle an 6 Márta 2015 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES) (IO L 75, 19.3.2015, lch. 1).

Cinneadh (AE) 2016/1749 ón gComhairle an 17 Meitheamh 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail ar mhaithe le Trádáil Aindleathach i dTáirgí Tobac a dhíothú ag Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac, cé is moite dá fhorálacha a thagann faoi raon feidhme Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO L 268, 1.10.2016, lch. 1)

Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 293, 28.10.2016, lch. 2).

Cinneadh (AE) 2017/876 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2017 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoiste Comhairleach Idirnáisiúnta um Chadás (IO L 134, 23.5.2017, lch. 23).

Cinneadh (AE) 2017/939 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2017 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair (IO L 142, 2.6.2017, lch. 4).

Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1).

Cinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2019 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO L 271, 24.10.2019, lch. 12).

**CAIBIDIL 14 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, RÉAMHBHEARTA, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***14 20 03*** *(Ar lean.)*

14 20 03 06 *(Ar lean.)*

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2008 maidir le rannpháirtíocht an Chomhphobail in obair an Idirphlé Cánach Idirnáisiúnta.

Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 133 de.

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207 de.

An Comhaontú Idirnáisiúnta Caife, a ndearnadh ath-idirbheartaíocht ina leith in 2007 agus in 2008, a chuaigh i bhfeidhm an 2 Feabhra 2011 ar feadh tréimhse tosaigh 10 mbliana go dtí 1 Feabhra 2021, agus an fhéidearthacht ann go gcuirfí síneadh leis ar feadh aon tréimhse amháin nó níos mó dá éis sin nach faide ná 8 mbliana san iomlán.

An Comhaontú Idirnáisiúnta Cócó, a ndearnadh ath-idirbheartaíocht ina leith in 2001 agus in 2010 go deireanach, a chuaigh i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2012 ar feadh tréimhse tosaigh 10 mbliana go dtí 30 Meán Fómhair 2022, agus athbhreithniú le déanamh air tar éis 5 bliana agus an fhéidearthacht ann go gcuirfí síneadh leis ar feadh dhá thréimhse bhreise nach faide ná 2 bhliain faoi seach.

Conclúidí ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 (8972/04), Conclúidí ón gComhairle an 27 Bealtaine 2008 (9986/08) agus Conclúidí ón gComhairle an 30 Aibreán 2010 (8674/10) a bhaineann leis an gCoiste Comhairleach Idirnáisiúnta um Chadás.

Rialacha agus Rialacháin an Choiste Comhairligh Idirnáisiúnta um Chadás, arna nglacadh ag an 31ú Cruinniú Iomlánach — 16 Meitheamh 1972 (in éineacht le leasuithe tríd an 11 Nollaig 2015 ag an 74ú Cruinniú Iomlánach).

***14 20 04*** ***Gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi chumhachtaí sonracha arna dtabhairt don Choimisiún***

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 58(2), pointe (d), den Rialachán Airgeadais, tá leithreasuithe faoin airteagal seo beartaithe chun go maoineofar caiteachas airgeadais a bhaineann le cúraimí a leanann as sainphribhléidí an Choimisiúin ar leibhéal institiúideach, agus faoi chumhachtaí sonracha arna dtabhairt dó go díreach le hAirteagal 210(2) agus Airteagal 210(6) CFAE, i.e. nach bhfuil bunghníomh glactha dó.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 14 — GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH*

**CAIBIDIL 14 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, RÉAMHBHEARTA, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***14 20 04*** *(Ar lean.)*

14 20 04 01 Eagraíochtaí idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 140 000 | 140 000 | 140 000 | 140 000 | 140 000,— | 140 000,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 58(2), pointe (d), agus Airteagal 239 den Rialachán Airgeadais, Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ranníocaíochtaí an Aontais leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV).

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, san Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon a bhaineann le stádas áirithe Aontais Eorpaigh laistigh den Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon a glacadh an 21 Meán Fómhair 2017 (2017/0211(NLE)).

14 20 04 02 Caidreamh trádála seachtrach agus Cúnamh don Trádáil

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 19 517 243 | 18 300 000 | 19 022 638 | 17 800 000 | 18 486 759,— | 18 900 000,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 58(2), pointe (d), den Rialachán Airgeadais, tá sé beartaithe go gcumhdóidh an leithreasú seo na gníomhaíochtaí seo a leanas:

— gníomhaíochtaí lena dtacaítear le hidirbheartaíocht trádála agus infheistíochta,

— staidéir, meastóireachtaí agus measúnuithe tionchair i ndáil le comhaontuithe agus beartais trádála agus infheistíochta,

— cúnamh le haghaidh beartas trádála agus infheistíochta, rannpháirtíocht in idirbheartaíocht agus i gcomhaontuithe trádála agus infheistíochta a chur chun feidhme agus tionscnaimh eile a bhaineann le trádáil agus le hinfheistíocht, oiliúint agus gníomhaíochtaí eile um fhothú acmhainneachta i dtreo tríú tíortha,

— gníomhaíochtaí um rochtain ar an margadh lena dtacaítear le straitéis an Aontais um rochtain ar an margadh a chur chun feidhme,

**CAIBIDIL 14 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, RÉAMHBHEARTA, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***14 20 04*** *(Ar lean.)*

14 20 04 02 *(Ar lean.)*

— gníomhaíochtaí lena dtacaítear le cur i bhfeidhm comhaontuithe trádála agus infheistíochta atá i bhfeidhm agus le faireachán ar rialacha agus oibleagáidí trádála agus infheistíochta agus le forfheidhmiú na rialacha agus na n-oibleagáidí sin,

— cúnamh dlí agus cúnamh eile ó shaineolaithe,

— córais um réiteach díospóidí infheistíochta mar a bhunaítear le comhaontuithe idirnáisiúnta,

— gníomhaíochtaí lena dtacaítear le trádáil agus le forbairt inbhuanaithe,

— córais faisnéise a fhorbairt, a chothabháil agus a oibriú, lena n-áirítear éadáil trealaimh TF,

— caiteachas a bhaineann le TF lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise chorparáideach,

— gníomhaíochtaí eile lena dtacaítear le beartas trádála agus infheistíochta.

14 20 04 03 Beartas faisnéise agus cumarsáid straitéiseach le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 47 793 688 | 43 182 454 | 45 760 364 | 43 139 229 | 43 689 887,— | 39 240 787,01 |

*Barúlacha*

Maoinítear bearta, córais agus líonraí cumarsáide, faisnéise agus for-rochtana leis an leithreasú seo arna gceapadh chun guth láidir, aontaithe a chur chun tosaigh sa domhan le haghaidh na hEorpa. Leis na gníomhaíochtaí faoin leithreasú seo, láidreofar inniúlachtaí an Aontais chun a gcuid luachanna agus leasanna a chur chun cinn ar bhonn domhanda, chun feasacht ar ról domhanda an Aontais a fheabhsú agus, sa chomhthéacs sin, aird a tharraingt ar scála, uaillmhian agus tionchar a chomhbheartais eachtraigh agus slándála, a chaidrimh sheachtraigh, a chomhair agus a chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus ar a chuid beartas agus clár um méadú comharsanachta agus cosc coinbhleachtaí, agus ar a chuid beartas agus clár daonnúil. Beidh siad bunaithe ar chur chuige comhordaithe, lena nascfar gnéithe inmheánacha agus seachtracha de bheartais an Aontais.

Leis na bearta cumarsáide, faisnéise agus for-rochtana lena mbaineann, féadfar dul i ngleic leis an bpobal i gcoitinne nó le spriocluct éisteachta sonrach nó le grúpaí geallsealbhóirí sonracha sna Ballstáit nó i dtríú tíortha. Féadfaidh an tAontas iad a chur chun feidhme go díreach ar leibhéal lárnach nó díláraithe ina chuid toscaireachtaí agus oifigí i dtríú tíortha, nó i gcomhar le comhpháirtithe san earnáil phoiblí agus phríobháideach, le soláthraithe seirbhíse, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus geallsealbhóirí eile.

Áirítear leis na bearta cumarsáide faisnéise agus for-rochtana a mhaoinítear leis an leithreasú seo dearadh agus cur chun feidhme na nithe seo a leanas:

— gníomhaíochtaí um thaidhleoireacht phoiblí,

**CAIBIDIL 14 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, RÉAMHBHEARTA, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***14 20 04*** *(Ar lean.)*

14 20 04 03 *(Ar lean.)*

— cumarsáid straitéiseach, lena n-áirítear bearta chun cur i gcoinne bréagaisnéis dhomhanda trí bhréagaisnéis arna leathadh ag gníomhaithe stáit agus ag gníomhaithe eile a rianú agus a nochtadh go córasach,

— feachtais, imeachtaí agus gníomhaíochtaí (comhtháite) cumarsáide, faisnéise agus for-rochtana eile,

— Clár an Aontais um Chuairteoirí arna chomhbhainistiú ag an gCoimisiún agus ag Parlaimint na hEorpa agus líonraí agus cláir eile um chuairteoirí agus um malartú le haghaidh gairmithe na meán cumarsáide agus geallsealbhóirí eile,

— gníomhaíochtaí faisnéise maidir le cearta shaoránaigh an Aontais tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt amach as an Aontas.

Áirítear le gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun na bearta sin a fhíorú (comh)tháirgeadh, soláthar poiblí, dáileadh, eagrú agus/nó bainistiú ar an méid seo a leanas:

— mionteagaisc agus pacáistí faisnéise, cuairteanna staidéir, turais preasa, le haghaidh gairmithe na meán cumarsáide agus geallsealbhóirí eile,

— ábhar priontáilte, closamhairc agus leictreonach,

— foilseacháin thraidisiúnta, ar líne agus ar na meáin shóisialta,

— faireachán ar na meáin,

— imeachtaí, seimineáir, ceardlanna, comhdhálacha agus cúrsaí oiliúna,

— córais agus líonraí cumarsáide agus faisnéise,

— comórtais agus duaiseanna le haghaidh iriseoireacht agus tuairisceoireacht thraidisiúnta agus ar líne,

— pobalbhreitheanna.

Leis an leithreasú seo, féadfar caiteachas a chumhdach a bhaineann le TF freisin lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise chorparáideach.

14 20 04 04 Meastóireachtaí agus iniúchtaí straitéiseacha

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 19 460 016 | 18 410 314 | 20 409 323 | 25 766 420 | 25 030 620,— | 30 331 612,65 |

**CAIBIDIL 14 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, RÉAMHBHEARTA, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***14 20 04*** *(Ar lean.)*

14 20 04 04 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, cumhdaítear riachtanais maidir le meastóireacht straitéiseach, faireachán agus iniúchadh seachtrach a mhaoiniú i réimsí an chomhair agus na forbartha idirnáisiúnta, na comharsanachta agus an mhéadaithe.

Féadfar na nithe seo a leanas a chumhdach leis an maoiniú freisin: meatastaidéir, cuir chuige, córais agus modheolaíochtaí maidir le meastóireacht, faireachán agus iniúchadh, mar aon le córais oiliúna agus um chomhroinnt eolais agus gníomhaíochtaí cothrománacha eile a thacaíonn le saineolas agus le heolas sa réimse sin a scaipeadh (amhail staidéir, cruinnithe saineolaithe, córais faisnéise agus foilseacháin).

Leis an leithreasú seo, féadfar caiteachas a chumhdach a bhaineann le TF freisin, lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise chorparáideach.

14 20 04 05 An comhordú idir an tAontas agus na Ballstáit a chur chun cinn maidir le comhar um fhorbairt agus cabhair dhaonnúil

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 7 835 742 | 5 605 934 | 7 637 169 | 5 936 514 | 7 422 025,— | 3 916 224,74 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar bearta um chomhordú faoi chomhar um fhorbairt agus faoi chabhair dhaonnúil an Aontais de réir na gcumhachtaí sonracha arna dtabhairt don Choimisiún in Airteagal 210 agus Airteagal 214(6) CFAE.

De bhun Airteagal 210 CFAE, tá an tAontas agus na Ballstáit lena gcuid beartas ar chomhar um fhorbairt a chomhordú ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal idirnáisiúnta agus rachaidh siad i gcomhairle le chéile maidir lena gcuid clár cabhrach, lena n-áirítear in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus i rith comhdhálacha idirnáisiúnta. Féadfaidh siad tabhairt faoi ghníomhaíocht chomhpháirteach. Rannchuideoidh na Ballstáit, más gá, le cur chun feidhme chláir chabhrach an Aontais. Tá an Coimisiún ceadaithe aon tionscnamh úsáideach a dhéanamh chun an comhordú sin a chur chun cinn.

De bhun Airteagal 214(6) CFAE, tá an Coimisiún ceadaithe aon tionscnamh úsáideach a dhéanamh chun comhordú a chur chun cinn idir gníomhaíochtaí an Aontais agus gníomhaíochtaí na mBallstát, chun éifeachtúlacht agus comhlántacht bhearta um chabhair dhaonnúil an Aontais agus bhearta náisiúnta den sórt sin a fheabhsú.

Leis na bearta a chumhdaítear leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe modhanna tacaíochta a sholáthar don Choimisiún a theastaíonn uaidh chun gníomhaíochtaí comhordúcháin a ullmhú, a fhoirmliú agus bearta leantacha a dhéanamh ina leith faoina bheartas forbartha agus cabhrach daonnúla ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal idirnáisiúnta.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 14 — GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH*

**CAIBIDIL 14 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, RÉAMHBHEARTA, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE** *(Ar lean.)*

***14 20 04*** *(Ar lean.)*

14 20 04 05 *(Ar lean.)*

Cuirfear na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an mír seo chun feidhme i gcomhar leis na Ballstáit i gcur chuige Fhoireann na hEorpa lena n-áireofar na nithe seo a leanas:

— éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, staidéir tionchair agus inmharthanachta sa réimse comhordúcháin,

— anailísí, cúnamh teicniúil, tacaíocht mhodheolaíoch, gníomhaíochtaí faireacháin agus comhordúcháin sna réimsí tosaíochta maidir le beartas forbartha, an chabhair agus éifeachtacht na forbartha (lena n-áirítear clársceidealú comhpháirteach/cur chun feidhme comhpháirteach, Tionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa (TEInna) nó tionscnaimh shuaitheanta agus trédhearcacht), maoiniú le haghaidh forbartha agus airgeadas inbhuanaithe, cabhair dhaonnúil, comhpháirtíochtaí déthaobhacha agus iltaobhacha,

— cruinnithe saineolaithe, imeachtaí, idirphlé agus malartuithe a eagrú idir an Coimisiún, na Ballstáit (lena n-áirítear a ngníomhaíochtaí agus a n-institiúidí maoinithe forbraíochta), eagraíochtaí idirnáisiúnta (NA, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, etc.) agus gníomhaithe idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear fóraim idirnáisiúnta a ullmhú agus páirt a ghlacadh iontu amhail an Chomhpháirtíocht Dhomhanda maidir le Comhar um Fhorbairt Éifeachtach nó na fóraim sin faoi mhaoiniú shruth na mbeartas le haghaidh na cabhrach forbartha agus daonnúla, modhanna cur chun feidhme, Clár Oibre 2030 agus Comhdhearcadh nua maidir le Forbairt agus Cabhair Dhaonnúil,

— bearta chun tacú le tionscnaimh sheachtracha i réimse an chomhordúcháin, lena n-áirítear bearta chun tacú le tionscnaimh Fhoireann na hEorpa (TEIanna) a dhearadh, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, faisnéis a scaipeadh agus córais faisnéise a fhorbairt

— táillí comhaltais agus ranníocaíochtaí an Choimisiúin le heagraíochtaí agus le líonraí ábhartha comhordúcháin,

— caiteachas a bhaineann le TF lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise chorparáideach.

*TEIDEAL 15*

## CÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS

# TEIDEAL 15

# CÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS

**Achoimre ghinearálta ar leithreasuithe (2024 agus 2023) agus ar an olltoradh (2022)**

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 15 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'CÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS' | 58 047 145 | 58 047 145 | 50 556 686 | 50 556 686 | 44 531 598,19 | 44 531 598,19 |
| 15 02 | IONSTRAIM UM CHÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS (IPA II) | 2 058 412 888 | 1 916 574 129 | 2 480 514 787 | 2 540 070 840 | 1 944 302 396,51 | 1 790 647 642,56 |
| | **Teideal 15 — IOMLÁN** | **2 116 460 033** | **1 974 621 274** | **2 531 071 473** | **2 590 627 526** | **1 988 833 994,70** | **1 835 179 240,75** |

# TEIDEAL 15

# CÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS

## CAIBIDIL 15 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'CÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS'

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 15 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'CÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS' | | | | | |
| ***15 01 01*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais (IPA)*** | | | | | |
| 15 01 01 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh IPA | 6 | 56 531 992 | 49 078 985 | 43 132 174,19 | 76,30 |
| 15 01 01 75 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr — Ranníocaíocht ó IPA | 6 | 1 515 153 | 1 477 701 | 1 399 424,— | 92,36 |
| | *Airteagal 15 01 01 — Fo-iomlán* | | 58 047 145 | 50 556 686 | 44 531 598,19 | 76,72 |
| | **Caibidil 15 01 — IOMLÁN** | | **58 047 145** | **50 556 686** | **44 531 598,19** | **76,72** |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 2, pointe (64), agus Airteagal 47(4), pointe (d), den Rialachán Airgeadas, tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas ar phearsanra seachtrach agus ar chúnamh teicniúil atá nasctha go díreach le cur chun feidhme na gclár faoin teideal seo. Áirítear le cúnamh teicniúil tacaíocht agus gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta is gá chun clár nó gníomhaíocht a chur chun feidhme, go háirithe gníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faireacháin, meastóireachta, iniúchta agus rialaithe.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo. Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 15 — CÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS*

**CAIBIDIL 15 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'CÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS'** *(Ar lean.)*

***15 01 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais (IPA)***

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc ar leibhéal na caibidle seo, féadfar cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin a chumhdach le bearta tacaíochta chun an IPA a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha agus aon ghníomhaíocht a bhaineann le hullmhú an chláir comharba um chúnamh réamhaontachais, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/1529 (IPA III), i.e.:

— staidéir, cruinnithe, faisnéis, múscailt feasachta, oiliúint, ullmhúchán agus malartú ceachtanna a foghlaimíodh agus dea-chleachtas, gníomhaíochtaí foilsithe agus aon chaiteachas eile ar riarachán nó ar chúnamh teicniúil is gá chun gníomhaíochtaí a chlársceidealú agus a bhainistiú, lena n-áirítear saineolaithe seachtracha a íoctar,

— gníomhaíochtaí taighde agus staidéir ar shaincheisteanna ábhartha agus scaipeadh na ngníomhaíochtaí agus na staidéar sin,

— caiteachas a bhaineann le soláthar faisnéise agus gníomhaíochtaí cumarsáide.

*Bunús dlí*

Féach Caibidil 15 02.

15 01 01 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh IPA

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 56 531 992 | 49 078 985 | 43 132 174,19 |

*Barúlacha*

Seachas an caiteachas ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil seo, tá sé beartaithe leis an leithreasú seo gcumhdófar go sonrach na nithe seo a leanas:

— caiteachas ar phearsanra seachtrach ag ceanncheathrú (foireann ar conradh, saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó foireann na gníomhaireachta). Cumhdaítear leis sin pá na foirne lena mbaineann agus an costas breise a bhaineann le hoiliúint, cruinnithe, misin, teicneolaíocht faisnéise agus teileachumarsáid agus costais eile a bhaineann leis an bpearsanra seachtrach a mhaoinítear ón mír seo,

— caiteachas ar phearsanra seachtrach i dtoscaireachtaí an Aontais (foireann ar conradh, foireann áitiúil nó saineolaithe náisiúnta ar iasacht) chun cláir a bhainistiú ar bhonn cineachta i dtoscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha lena n-áirítear cúraimí a tugadh roimhe seo d'oifigí cúnaimh theicniúil atá céimnithe amach, mar aon le pearsanra i bhFoirne de chuid an Choimisiúin um Aistriú iar-Aontachais atá i mBallstáit nua fós le linn thréimhse an chéimnithe amach (foireann ar conradh, foireann na gníomhaireachta) agus atá ag obair ar chúraimí a bhaineann go díreach le cláir aontachais a chur i gcrích. Cumhdaítear leis sin pá na foirne lena mbaineann agus an costas breise a bhaineann le hoiliúint, cruinnithe, misin, teicneolaíocht faisnéise agus teileachumarsáid agus costais eile a bhaineann go díreach le pearsanra seachtrach a mhaoinítear faoin mír seo a bheith i láthair i dtoscaireachtaí, lena n-áirítear costais lóistíochtúla agus bonneagair, e.g. cóiríocht a fháil ar cíos.

**CAIBIDIL 15 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA NA BRAISLE 'CÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS'** *(Ar lean.)*

***15 01 01*** *(Ar lean.)*

15 01 01 75 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr — Ranníocaíocht ó IPA

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 515 153 | 1 477 701 | 1 399 424,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais oibriúcháin na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir a thabhaítear de thoradh chur chun feidhme ghné idirnáisiúnta chlár Erasmus+ a mhaoinítear trí IPA (Ceannteideal 6) a cuireadh ar iontaoibh na Gníomhaireachta faoin gcaibidil seo agus cur i gcrích na gclár roimhe seo.

Leagtar plean bunaíochta na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin amach san Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 54 242 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 55 894 6 5 2 0 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 1)

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2021) 951 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir d'fhonn cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse an oideachais, an chlosamhairc agus an chultúir, na saoránachta agus na dlúthpháirtíochta lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 15 — CÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS*

**CAIBIDIL 15 02 — IONSTRAIM UM CHÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS (IPA II)**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 15 02 | IONSTRAIM UM CHÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS (IPA II) | | | | | | | | |
| ***15 02 01*** | ***Nithe bunúsacha, beartais an Aontais agus duine le duine*** | | | | | | | | |
| 15 02 01 01 | Ullmhúchán don aontachas | 6 | 603 569 824 | 457 202 851 | 1 072 788 821 | 344 961 015 | 682 787 656,— | 127 364 833,81 | 27,86 |
| 15 02 01 02 | Erasmus+ — Ranníocaíocht ó IPA III | 6 | 62 400 000 | 53 000 000 | 62 400 000 | 42 250 000 | 60 200 000,— | 33 813 397,66 | 63,80 |
| | *Airteagal 15 02 01 — Fo-iomlán* | | 665 969 824 | 510 202 851 | 1 135 188 821 | 387 211 015 | 742 987 656,— | 161 178 231,47 | 31,59 |
| ***15 02 02*** | ***Infheistíocht i leith Fáis agus Fostaíochta*** | | | | | | | | |
| 15 02 02 01 | Ullmhúchán don aontachas | 6 | 906 128 064 | 363 696 812 | 916 553 436 | 285 346 113 | 928 719 703,07 | 30 509 622,19 | 8,39 |
| 15 02 02 02 | Aistriú chuig rialacha an Aontais | 6 | 158 000 000 | 40 200 000 | 113 000 000 | 45 300 000 | 87 933 440,44 | 0,— | |
| 15 02 02 03 | IPA III — Soláthar an chiste don soláthar coiteann | 6 | 235 485 000 | 235 485 000 | 241 132 530 | 255 912 606 | 120 751 597,— | 129 009 949,— | 54,78 |
| | *Airteagal 15 02 02 — Fo-iomlán* | | 1 299 613 064 | 639 381 812 | 1 270 685 966 | 586 558 719 | 1 137 404 740,51 | 159 519 571,19 | 24,95 |
| ***15 02 03*** | ***Comhar críochach agus trasteorann*** | 6 | 92 830 000 | 32 121 078 | 74 640 000 | 49 850 792 | 63 910 000,— | 56 057 512,84 | 174,52 |
| ***15 02 99*** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 15 02 99 01 | Ionstraimí roimhe seo um chúnamh réamhaontachais a chur i gcrích (roimh 2021) | 6 | p.m. | 734 868 388 | p.m. | 1 516 450 314 | 0,— | 1 413 892 327,06 | 192,40 |
| | *Airteagal 15 02 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | 734 868 388 | p.m. | 1 516 450 314 | 0,— | 1 413 892 327,06 | 192,40 |
| | **Caibidil 15 02 — IOMLÁN** | | **2 058 412 888** | **1 916 574 129** | **2 480 514 787** | **2 540 070 840** | **1 944 302 396,51** | **1 790 647 642,56** | **93,43** |

**CAIBIDIL 15 02 — IONSTRAIM UM CHÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS (IPA II)** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin gcaibidil seo go gcumhdófar caiteachas oibríochtúil a bhaineann le gníomhaíochtaí a dhéantar faoi Rialachán (AE) 2021/1529 (IPA III), arb é a chuspóir ginearálta tacú lena thairbhithe i nglacadh agus i gcur chun feidhme na n-athchóirithe polaitiúla, institiúideacha, dlí, riaracháin, sóisialta agus eacnamaíocha a theastaíonn ó na tairbhithe sin chun luachanna an Aontais a chomhlíonadh agus chun ailíniú de réir a chéile le rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais, d'fhonn ballraíocht a ghlacadh san Aontas, rud a chuirfidh dá réir lena gcobhsaíocht, lena slándáil agus lena rathúnas.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le ranníocaíochtaí a fhaightear ó thríú tíortha (Stáit CSTE de bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha is iarrthóirí agus, más infheidhme, iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, nó tríú tíortha eile) chun páirt a ghlacadh i gcláir de chuid an Aontais, agus aon ioncam sannta eile arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha astu mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) (IO L 330, 20.9.2021, lch. 1).

***15 02 01 Nithe bunúsacha, beartais an Aontais agus duine le duine***

15 02 01 01 Ullmhúchán don aontachas

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 603 569 824 | 457 202 851 | 1 072 788 821 | 344 961 015 | 682 787 656,— | 127 364 833,81 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí chun tacú le tairbhithe IPA III chun na cuspóirí sonracha seo a leanas a chomhlíonadh:

— an smacht reachta, an daonlathas, urramú chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a neartú, lena n-áirítear trí bhreithiúnacht neamhspleách a chur chun cinn, slándáil threisithe agus an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, comhlíonadh an dlí idirnáisiúnta, saoirse na meán agus saoirse acadúil agus timpeallacht chumasúcháin don tsochaí shibhialta, neamh-idirdhealú agus an chaoinfhulaingt a chur chun cinn, urraim do na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad agus cur chun cinn comhionannais inscne a áirithiú agus bainistiú imirce a fheabhsú, lena n-áirítear bainistiú teorann agus dul i ngleic leis an imirce neamhrialta, agus aghaidh a thabhairt ar an easáitiú éigeantach,

COIMISIÚN
*TEIDEAL 15 — CÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS*

**CAIBIDIL 15 02 — IONSTRAIM UM CHÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS (IPA II)** *(Ar lean.)*

***15 02 01*** *(Ar lean.)*

15 02 01 01 *(Ar lean.)*

— éifeachtacht an riaracháin phoiblí a threisiú agus tacú le trédhearcacht, le hathchóirithe struchtúracha agus le dea-rialachas ar gach leibhéal, lena n-áirítear i réimse an tsoláthair phoiblí agus i réimse na Státchabhrach,

— rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais na dtairbhithe IPA III a mhúnlú i gcomhréir leo siúd de chuid an Aontais agus comhar réigiúnach, an t-athmhuintearas agus dea-chaidreamh comharsanachta a threisiú, chomh maith le teagmhálacha idir daoine agus an chumarsáid straitéiseach. Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe leis go gcumhdófar caiteachas a bhaineann leis na gníomhaíochtaí ilbhliantúla maidir le Cúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise (TAIEX), faireachán, cumarsáid agus iniúchadh lena gcumhdaítear na tairbhithe réamhaontachais.

15 02 01 02 Erasmus+ — Ranníocaíocht ó IPA III

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 62 400 000 | 53 000 000 | 62 400 000 | 42 250 000 | 60 200 000,— | 33 813 397,66 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar cúnamh airgeadais a sholáthraítear faoi IPA III chun an ghné idirnáisiúnta de chlár Erasmus+ a chur chun cinn.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 2 233 920 | 6 6 0 0 |
| Ioncam sannta eile | 2 301 936 | 6 5 2 0 |

***15 02 02*** ***Infheistíocht i leith Fáis agus Fostaíochta***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin airteagal seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí chun tacú le tairbhithe IPA III chun na cuspóirí sonracha seo a leanas a bhaint amach:

— forbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus comhtháthú a neartú, agus aird ar leith á tabhairt ar an óige, lena n-áirítear trí bheartais oideachais agus fostaíochta ar ardchaighdeán, trí thacú le hinfheistíocht agus le forbairt na hearnála príobháidí, agus béim á leagan ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), agus ar thalmhaíocht agus forbairt tuaithe,

***15 02 02*** *(Ar lean.)*

— cosaint an chomhshaoil a threisiú, an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú, dlús a chur leis an athrú i dtreo geilleagar ísealcharbóin, an geilleagar digiteach agus an tsochaí dhigiteach a fhorbairt, agus idirnascacht inbhuanaithe a neartú ina gnéithe ar fad.

15 02 02 01 Ullmhúchán don aontachas

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 906 128 064 | 363 696 812 | 916 553 436 | 285 346 113 | 928 719 703,07 | 30 509 622,19 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go n-ullmhófar tairbhithe le haghaidh an aontachais, cé is moite den fhorbairt tuaithe.

15 02 02 02 Aistriú chuig rialacha an Aontais

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 158 000 000 | 40 200 000 | 113 000 000 | 45 300 000 | 87 933 440,44 | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go dtacófar leis an bhforbairt tuaithe agus go dtacófar le tairbhithe aistriú chuig rialacha an Aontais agus iad cóngarach go leor don aontachas.

15 02 02 03 IPA III — Soláthar an chiste don soláthar coiteann

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 235 485 000 | 235 485 000 | 241 132 530 | 255 912 606 | 120 751 597,— | 129 009 949,— |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 15 — CÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS*

**CAIBIDIL 15 02 — IONSTRAIM UM CHÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS (IPA II)** *(Ar lean.)*

***15 02 02*** *(Ar lean.)*

15 02 02 03 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go soláthrófar na hacmhainní airgeadais le haghaidh sholáthar an chiste don soláthar coiteann, le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha agus le haghaidh cúnamh airgeadais do thairbhithe IPA III. Féadfaidh leithreasuithe breise eascairt as ioncam sannta, faoi ráthaíochtaí buiséadacha nó faoi chúnamh airgeadais ó chreataí airgeadais ilbhliantúla roimhe seo freisin.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1), agus go háirithe Teideal X de.

Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

***15 02 03 Comhar críochach agus trasteorann***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 92 830 000 | 32 121 078 | 74 640 000 | 49 850 792 | 63 910 000,— | 56 057 512,84 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gníomhaíochtaí chun tacú le tairbhithe IPA III chun an cuspóir sonrach seo a leanas a bhaint amach: tacú le comhar críochach agus trasteorann thar theorainneacha talún agus muirí, lena n-áirítear comhar trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach.

***15 02 99 Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích***

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe le leithreasuithe faoin airteagal seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith ceangaltais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo.

15 02 99 01 Ionstraimí roimhe seo um chúnamh réamhaontachais a chur i gcrích (roimh 2021)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 734 868 388 | p.m. | 1 516 450 314 | 0,— | 1 413 892 327,06 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CEE) Uimh. 3906/89 ón gComhairle an 18 Nollaig 1989 maidir le cúnamh eacnamaíoch do Phoblacht na hUngáire agus do Dhaon-Phoblacht na Polainne (IO L 375, 23.12.1989, lch. 11).

Rialachán (CE) Uimh. 1488/96 ón gComhairle an 23 Iúil 1996 maidir le bearta airgeadais agus bearta teicniúla chun gabháil le hathchóiriú (MEDA) struchtúr eacnamaíoch agus sóisialta i réim na comhpháirtíochta Eora-Meánmhara (IO L 189, 30.7.1996, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 1266/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 maidir le cabhair chomhordúcháin do na tíortha iarrthacha faoi chuimsiú na straitéise réamhaontachais (IO L 161, 26.6.1999, lch. 68).

Rialachán (CE) Uimh. 1267/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 ag bunú Ionstraim le haghaidh Beartas Struchtúrach i gcomhair Réamhaontachais (IO L 161, 26.6.1999, lch. 73).

Rialachán (CE) Uimh. 555/2000 ón gComhairle an 13 Márta 2000 maidir le hoibríochtaí a chur chun feidhme faoi chuimsiú na straitéise réamhaontachais le haghaidh Phoblacht na Cipire agus Phoblacht Mhálta (IO L 68, 16.3.2000, lch. 3).

Rialachán (CE) Uimh. 764/2000 ón gComhairle an 10 Aibreán 2000 maidir le bearta a chur chun feidhme chun an t-aontas custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc a threisiú (IO L 94, 14.4.2000, lch. 6).

Rialachán (CE) Uimh. 2666/2000 ón gComhairle an 5 Nollaig 2000 maidir le cúnamh do Phoblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chróit, Poblacht Chónaidhme na hIúgslaive agus Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1628/96 agus lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 3906/89 agus (CEE) Uimh. 1360/90 agus Cinneadh 97/256/CE agus Cinneadh 1999/311/CE (IO L 306, 7.12.2000, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 2500/2001 ón gComhairle an 17 Nollaig 2001 a bhaineann le cúnamh airgeadais réamhaontachais faoi choinne na Tuirce agus lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 3906/89, (CE) Uimh. 1267/1999, (CE) Uimh. 1268/1999 agus (CE) Uimh. 555/2000 (IO L 342, 27.12.2001, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 2257/2004 ón gComhairle an 20 Nollaig 2004 lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 3906/89, (CE) Uimh. 1267/1999, (CE) Uimh. 1268/1999 agus (CE) Uimh. 2666/2000, chun stádas na Cróite mar iarrthóir a chur san áireamh (IO L 389, 30.12.2004, lch. 1).

Cúraimí de thoradh na gcumhachtaí sonracha arna sannadh chuig an gCoimisiún go díreach le hAirteagal 34 d'Ionstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003 agus le hAirteagal 31 de Theideal III d'Ionstraim Aontachais an 25 Aibreán 2005 (cuid den Chonradh a bhaineann le haontachas Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine leis an Aontas Eorpach).

**CAIBIDIL 15 02 — IONSTRAIM UM CHÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS (IPA II)** *(Ar lean.)*

***15 02 99*** *(Ar lean.)*

15 02 99 01 *(Ar lean.)*

Cinneadh 2006/500/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2006 maidir le Conradh an Chomhphobail Fuinnimh á thabhairt i gcrích ag an gComhphobal Eorpach (IO L 198, 20.7.2006, lch. 15).

Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle an 11 Iúil 2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 (IO L 210, 31.7.2006, lch. 25).

Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 ón gComhairle an 17 Iúil 2006 lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) (IO L 210, 31.7.2006, lch. 82).

Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 lena mbunaítear Ciste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha (IO L 145, 10.6.2009, lch. 10).

Rialachán (AE) Uimh 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear ‘Erasmus+’: clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 50).

Rialachán (AE) Uimh. 231/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA II) (IO L 77, 15.3.2014, lch. 11), agus go háirithe Airteagal 2(1), pointe (d), de sin.

Rialachán (AE) Uimh. 232/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear Ionstraim Eorpach Chomharsanachta (IO L 77, 15.3.2014, lch. 27).

Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena dtugtar ráthaíocht ón Aontas Eorpach don Bhanc Eorpach Infheistíochta in aghaidh caillteanas de thoradh oibríochtaí um maoiniú a thacaíonn le tionscadail infheistíochta lasmuigh den Aontas (IO L 135, 8.5.2014, lch. 1).

Cúram a thagann ó shainphribhléidí an Choimisiúin ar an leibhéal institiúideach, amhail dá bhforáiltear in Airteagal 58(2) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Cúraimí de thoradh na gcumhachtaí sonracha arna sannadh chuig an gCoimisiún go díreach le hAirteagal 30 d’Ionstraim Aontachais Phoblacht na Cróite.

*TEIDEAL 16*

## CAITEACHAS LASMUIGH DE NA HUASTEORAINNEACHA BLIANTÚLA A LEAGTAR AMACH SA CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL

# TEIDEAL 16

# CAITEACHAS LASMUIGH DE NA HUASTEORAINNEACHA BLIANTÚLA A LEAGTAR AMACH SA CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL

**Achoimre ghinearálta ar leithreasuithe (2024 agus 2023) agus ar an olltoradh (2022)**

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 16 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA LASMUIGH DE NA HUASTEORAINNEACHA BLIANTÚLA A LEAGTAR AMACH SA CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 131 698,10 | 131 698,10 |
| 16 02 | SLÓGADH SÁSRAÍ DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA (IONSTRAIMÍ SPEISIALTA) | 50 000 000 | 70 000 000 | 50 000 000 | 80 000 000 | 1 299 110 806,— | 1 293 620 200,14 |
| 16 03 | TACÚ LEIS AN NUÁLAÍOCHT I DTEICNEOLAÍOCHTAÍ AGUS PRÓISIS ÍSEALCHARBÓIN FAOIN GCÓRAS TRÁDÁLA ASTAÍOCHTAÍ (CTA) | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |
| 16 04 | RÁTHAÍOCHT AN AONTAIS EORPAIGH LE HAGHAIDH OIBRÍOCHTAÍ TRÍNA BHFAIGHTEAR AGUS TRÍNA DTUGTAR IASACHTAÍ DO NA BALLSTÁIT | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |
| 16 05 | CAITEACHAS EILE | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |
| | **Teideal 16 — IOMLÁN** | **50 000 000** | **70 000 000** | **50 000 000** | **80 000 000** | **1 299 242 504,10** | **1 293 751 898,24** |

# TEIDEAL 16

# CAITEACHAS LASMUIGH DE NA HUASTEORAINNEACHA BLIANTÚLA A LEAGTAR AMACH SA CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL

## CAIBIDIL 16 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA LASMUIGH DE NA HUASTEORAINNEACHA BLIANTÚLA A LEAGTAR AMACH SA CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 16 01 | CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA LASMUIGH DE NA HUASTEORAINNEACHA BLIANTÚLA A LEAGTAR AMACH SA CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL | | | | | |
| ***16 01 01*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha*** | S | p.m. | p.m. | 131 698,10 | |
| ***16 01 02*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste don Nuálaíocht*** | | | | | |
| 16 01 02 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste don Nuálaíocht | O | p.m. | p.m. | | |
| 16 01 02 74 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol — Ranníocaíocht ón gCiste don Nuálaíocht | O | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 16 01 02 — Fo-iomlán* | | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***16 01 03*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh na Saoráide Eorpaí Síochána*** | O | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***16 01 04*** | ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh cistí iontaobhais arna mbainistiú ag an gCoimisiún*** | O | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***16 01 05*** | ***Caiteachas tacaíochta don Chiste Eorpach Forbraíochta*** | O | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Caibidil 16 01 — IOMLÁN** | | **p.m.** | **p.m.** | **131 698,10** | |

### 16 01 01 *Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 131 698,10 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 16 — CAITEACHAS LASMUIGH DE NA HUASTEORAINNEACHA BLIANTÚLA A LEAGTAR AMACH SA CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL*

**CAIBIDIL 16 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA LASMUIGH DE NA HUASTEORAINNEACHA BLIANTÚLA A LEAGTAR AMACH SA CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL** *(Ar lean.)*

***16 01 01*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go n-úsáidfear an leithreasú seo, ar thionscnamh ón gCoimisiún, faoi réir uasteorainn 0,5 % den mhéid uasta bliantúil den Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d’Oibrithe Iomarcacha (CED). Féadfar an leithreasú a úsáid chun na gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, meastóireachta agus bailithe sonraí a mhaoiniú mar aon le bonn eolais a chruthú a bheidh ábhartha i leith CED a chur chun feidhme. Féadfar é a úsáid freisin chun go maoineofar gníomhaíochtaí tacaíochta riaracháin agus teicniúla, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus na gníomhaíochtaí sin lena bhfeabhsaítear infheictheacht CED agus bearta eile cúnaimh riaracháin agus theicniúil, mar aon le cruinnithe le hionadaithe na mBallstát agus seimineáir le páirtithe leasmhara, gníomhaíochtaí iniúchta, rialaithe agus meastóireachta is gá chun oibríochtaí CED a chur chun feidhme.

*Bunús dlí*

Féach Airteagal 16 02 02

***16 01 02 Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste don Nuálaíocht***

16 01 02 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste don Nuálaíocht

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais riaracháin agus bhainistíochta arna dtabhú i ndáil le gníomhaíochtaí cur chun feidhme an Chiste don Nuálaíocht agus gníomhaíocht ullmhúcháin le haghaidh cur chun feidhme an Chiste Aeráide Shóisialta, go háirithe costais maidir le pearsanra breise ag an gceanncheathrú (baill foirne ar conradh, saineolaí náisiúnta ar iasacht nó foireann na gníomhaireachta), agus aon chostais bhreise a bhaineann leis an bpearsanra seachtrach a mhaoinítear faoin mír sinCommission.

Ghinfí na leithreasuithe is gá leis an ioncam a d’eascródh as ceantáil na lamháltas astaíochtaí arna leithdháileadh ar an gCiste don Nuálaíocht agus as méideanna nach bhfuil caite óna réamhtheachtaí, ciste NER300, i gcomhréir le hAirteagal 10 agus Airteagal 10a(8) de Threoir 2003/87/CE agus Airteagal 1, pointe (13) de Threoir (AE) 2023/959.

*Bunús dlí*

Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil liúntais astaíochtaí gáis ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060 (IO L 130 16.5.2023, lch. 1).

***16 01 02*** *(Ar lean.)*

16 01 02 01 *(Ar lean.)*

Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (OJ L 130, 16.5.2023, p. 134).

*Gníomhartha tagartha*

Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hoibriú an Chiste don Nuálaíocht (IO L 140, 28.5.2019, lch. 6).

16 01 02 74 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol — Ranníocaíocht ón gCiste don Nuálaíocht

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Cuimsítear leis an leithreasú sin an ranníocaíocht chun go gcumhdófar an caiteachas riaracháin ar phearsanra agus an caiteachas oibríochtúil arna dhéanamh ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) de thoradh a rannpháirtíochta i mbainistiú an Chiste don Nuálaíocht.

Ghinfí na leithreasuithe is gá leis an ioncam a d'eascródh as ceantáil na lamháltas astaíochtaí arna leithdháileadh ar an gCiste don Nuálaíocht agus as méideanna nach bhfuil caite óna réamhtheachtaí, ciste NER300, i gcomhréir le hAirteagal 10 agus Airteagal 10a(8) de Threoir 2003/87/CE.

Leagtar plean bunaíochta CINEA amach san Iarscríbhinn 'Foireann' a ghabhann leis an roinn seo.

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

**CAIBIDIL 16 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA LASMUIGH DE NA HUASTEORAINNEACHA BLIANTÚLA A LEAGTAR AMACH SA CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL** *(Ar lean.)*

***16 01 02*** *(Ar lean.)*

16 01 02 74 *(Ar lean.)*

Féach Airteagal 16 03 01.

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2021) 947 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol d'fhonn na cúraimí a fheidhmiú, cúraimí a ghabhann le cur chun feidhme chláir an Aontais i réimse an iompair agus an bhonneagair fuinnimh; taighde agus nuálaíocht um an aeráid, fuinneamh agus soghluaisteacht; an comhshaol, an dúlra agus an bhithéagsúlacht; aistriú chuig teicneolaíochtaí ísealcharbóin; agus muirí agus iascaigh; lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus na leithreasuithe sin a eascraíonn as ioncam sannta seachtrach.

***16 01 03*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh na Saoráide Eorpaí Síochána***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas tacaíochta riaracháin mar a chinntear faoin tSaoráid Eorpach Síochána, agus go sonrach, costais le haghaidh pearsanra seachtrach i gceanncheathrú lárnach agus i dtoscaireachtaí an Aontais.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 2 284 226 | 6 6 8 |

*Bunús dlí*

Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14).

***16 01 04*** ***Caiteachas tacaíochta le haghaidh cistí iontaobhais arna mbainistiú ag an gCoimisiún***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

**CAIBIDIL 16 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA LASMUIGH DE NA HUASTEORAINNEACHA BLIANTÚLA A LEAGTAR AMACH SA CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL** *(Ar lean.)*

***16 01 04*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais an Choimisiúin chun na cistí iontaobhais a bhainistiú, oiread le 5 % ar a mhéid de na méideanna arna gcomhthiomsú sna cistí iontaobhais, ó na blianta inar cuireadh tús leis na ranníocaíochtaí le gach ciste iontaobhais a úsáid mar a chinntear faoi Airteagal 235(5) den Rialachán Airgeadais.

Tá sé beartaithe leis freisin go gcumhdófar caiteachas tacaíochta riaracháin i dtaca leis an tSaoráid Eorpach Síochána, agus go sonrach, costais le haghaidh pearsanra seachtrach i gceanncheathrú lárnach agus i dtoscaireachtaí an Aontais.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 1 500 000 | 3 3 0, 3 3 8, 3 3 9 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 21(2) agus Airteagal 235(5) de sin.

***16 01 05 Caiteachas tacaíochta don Chiste Eorpach Forbraíochta***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas tacaíochta riaracháin mar a chinntear faoin gCiste Eorpach Forbraíochta agus, go sonrach, forchostais oifige le haghaidh pearsanra seachtrach i dtoscaireachtaí an Aontais (foireann ar conradh, foireann áitiúil nó saineolaithe náisiúnta ar iasacht), amhail cíos, slándáil, glantachán agus cothabháil. Tá sé beartaithe leis freisin go gcumhdófar luach saothair na foirne seachtracha ag ceanncheathrú an Choimisiúin go háirithe maidir leis an ioncam sannta mar chuid den phróiseas aistrithe ón tSaoráid um Shíocháin san Afraic go dtí an tSaoráid Eorpach Síochána chomh maith le hioncam sannta ón gCiste Eorpach Forbraíochta (CEF) chun an beart speisialta maidir le freagairt an Aontais ar an ngéarchéim slándála bia agus ar an turraing eacnamaíoch a mhaoiniú i dtíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus chun an beart speisialta maidir le cúnamh daonnúil a mhaoiniú i bhfabhar tíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

COIMISIÚN

*TEIDEAL 16 — CAITEACHAS LASMUIGH DE NA HUASTEORAINNEACHA BLIANTÚLA A LEAGTAR AMACH SA CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL*

**CAIBIDIL 16 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN TACAÍOCHTA LASMUIGH DE NA HUASTEORAINNEACHA BLIANTÚLA A LEAGTAR AMACH SA CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL** *(Ar lean.)*

***16 01 05*** *(Ar lean.)*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 2 500 000 | 3 3 0, 3 3 8, 3 3 9 |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 21(2) de sin.

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh (C(2022) 6535) ón gCoimisiún an 7 Meán Fómhair 2022 maidir le maoiniú beart speisialta maidir le cúnamh daonnúil a i bhfabhar tíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) a bheidh le maoiniú ón 10ú agus 11ú Cistí Eorpacha Forbraíochta (CEF) tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

Cinneadh ón gCoimisiún an 9 Meán Fómhair 2022 maidir le maoiniú beart speisialta do 2022 maidir le freagairt an Aontais ar an ngéarcháim slándála bia agus ar an turraing eacnamaíoch i dtíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine (C(2022) 6554).

## CAIBIDIL 16 02 — SLÓGADH SÁSRAÍ DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA (IONSTRAIMÍ SPEISIALTA)

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 16 02 | SLÓGADH SÁSRAÍ DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA (IONSTRAIMÍ SPEISIALTA) | | | | | | | | |
| **16 02 01** | ***Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE)*** | | | | | | | | |
| 16 02 01 01 | Cúnamh do na Ballstáit i ndáil le himeachtaí atá incháilithe faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) | S | 50 000 000 | 50 000 000 | 50 000 000 | 50 000 000 | 18 134 078,— | 18 134 078,— | 36,27 |
| 16 02 01 02 | Cúnamh do thíortha atá i mbun caibidlíocht aontachais i ndáil le himeachtaí atá incháilithe faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) | S | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| | *Airteagal 16 02 01 — Fo-iomlán* | | 50 000 000 | 50 000 000 | 50 000 000 | 50 000 000 | 18 134 078,— | 18 134 078,— | 36,27 |
| **16 02 02** | ***An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED)*** | S | p.m. | 20 000 000 | p.m. | 30 000 000 | 27 756 057,— | 22 265 451,14 | 111,33 |
| **16 02 03** | ***Cúlchiste Coigeartaithe Brexit*** | S | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 1 253 220 671,— | 1 253 220 671,— | |
| **16 02 04** | ***An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – Ranníocaíocht ón gCúlchiste Coigeartaithe Brexit*** | S | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | | | |
| **16 02 99** | ***Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích*** | | | | | | | | |
| 16 02 99 01 | Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a Chur i gCrích (roimh 2021) | S | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| | *Airteagal 16 02 99 — Fo-iomlán* | | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| | **Caibidil 16 02 — IOMLÁN** | | **50 000 000** | **70 000 000** | **50 000 000** | **80 000 000** | **1 299 110 806,—** | **1 293 620 200,14** | **1 848,03** |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 16 — CAITEACHAS LASMUIGH DE NA HUASTEORAINNEACHA BLIANTÚLA A LEAGTAR AMACH SA CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL*

**CAIBIDIL 16 02 — SLÓGADH SÁSRAÍ DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA (IONSTRAIMÍ SPEISIALTA)** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá an chaibidil seo beartaithe chun leithreasuithe a iontráil a leanann as slógadh Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh, an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha agus Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, arb ionstraimí speisialta iad uile dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093.

I gcomhréir le hAirteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 24 den Rialachán Airgeadais, maidir le haon ioncam sannta arna iontráil sa ráiteas ioncaim, eascraíonn soláthar leithreasuithe comhfhreagracha as mar aon lena gcur cur chun feidhme faoin gcaibidil seo.

Sonraítear na méideanna measta gaolmhara mar aon leis an airteagal comhfhreagrach nó an mhír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim, i gcás inar féidir, sna línte buiséid ábhartha.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28).

***16 02 01 Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE)***

*Barúlacha*

Tá an t-airteagal seo beartaithe chun leithreasuithe a iontráil a leanann as slógadh Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh i gcás mórthubaistí nó tubaistí réigiúnacha, mar aon le móréigeandáil sláinte poiblí, sna Ballstáit agus i dtíortha atá i mbun caibidlíocht aontachais leis an Aontas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002.

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (IO L 311, 14.11.2002, lch. 3).

16 02 01 01 Cúnamh do na Ballstáit i ndáil le himeachtaí atá incháilithe faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 50 000 000 | 50 000 000 | 50 000 000 | 50 000 000 | 18 134 078,— | 18 134 078,— |

**CAIBIDIL 16 02 — SLÓGADH SÁSRAÍ DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA (IONSTRAIMÍ SPEISIALTA)** *(Ar lean.)*

***16 02 01*** *(Ar lean.)*

16 02 01 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá an mhír seo beartaithe chun leithreasuithe a iontráil a leanann as slógadh Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh le haghaidh imeachtaí incháilithe nuair a tharlaíonn siad sna Ballstáit. I gcomhréir le hAirteagal 4a(4) de Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002, inscríobhtar méid EUR 50 000 000, atá beartaithe chun airleacain a íoc le haghaidh imeachtaí incháilithe, i mbuiséad ginearálta an Aontais don bhliain 2024 i ngealltanais agus in íocaíochtaí.

16 02 01 02 Cúnamh do thíortha atá i mbun caibidlíocht aontachais i ndáil le himeachtaí atá incháilithe faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá an mhír seo beartaithe chun leithreasuithe a iontráil a leanann as slógadh Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh le haghaidh imeachtaí incháilithe nuair a tharlaíonn siad i dtíortha atá i mbun caibidlíocht aontachais leis an Aontas.

***16 02 02*** ***An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d’Oibrithe Iomarcacha (CED)***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 20 000 000 | p.m. | 30 000 000 | 27 756 057,— | 22 265 451,14 |

*Barúlacha*

Tá an t-airteagal seo beartaithe chun leithreasuithe a iontráil a leanann as slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d’Oibrithe Iomarcacha (CED) i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/691.

COIMISIÚN
*TEIDEAL 16 — CAITEACHAS LASMUIGH DE NA HUASTEORAINNEACHA BLIANTÚLA A LEAGTAR AMACH SA CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL*

**CAIBIDIL 16 02 — SLÓGADH SÁSRAÍ DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA (IONSTRAIMÍ SPEISIALTA)** *(Ar lean.)*

***16 02 02*** *(Ar lean.)*

Is é is cuspóir do CED dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil agus inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí chúnamh a thairiscint d'oibrithe a chailleann a bpoist de thoradh mórathruithe struchtúrtha. Féadfaidh na cásanna sin tarlú go háirithe de thoradh dúshláin a bhaineann le domhandú, amhail athruithe ar phatrúin sa trádáil dhomhanda, díospóidí trádála, athruithe suntasacha i gcaidrimh trádála an Aontais nó i gcomhdhéanamh an mhargaidh inmheánaigh agus géarchéimeanna airgeadais nó eacnamaíocha, nó an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, digitiú nó uathoibriú. Ar an gcaoi sin, le CED, tacaítear le hoibrithe iomarcacha filleadh ar fhostaíocht chuibhiúil agus inbhuanaithe a luaithe is féidir. Cuirtear béim ar leith ar na bearta a chuidíonn leis na grúpaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste.

Dá réir sin, le CED, rannchuidítear leis na prionsabail a shainítear faoi Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus leis an gcomhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch a fheabhsú i measc na réigiún agus na mBallstát.

Ba cheart do na gníomhaíochtaí a thugtar fúthu le CED a bheith comhlántach le gníomhaíochtaí Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus ní mór gan aon chistiú dúbailte ó na hionstraimí sin a bheith ann. Ba cheart é a bheith d'aidhm le gníomhaíochtaí nó le bearta a thacaíonn CED leo a áirithiú go n-aimseoidh an líon is mó is féidir de thairbhithe a ghlacann páirt sna gníomhaíochtaí sin fostaíocht inbhuanaithe a luaithe is féidir.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 48).

***16 02 03*** ***Cúlchiste Coigeartaithe Brexit***

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 1 253 220 671,— | 1 253 220 671,— |

*Barúlacha*

Tá an t-airteagal seo beartaithe chun leithreasuithe a iontráil a leanann as slógadh Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chun cur i gcoinne iarmhairtí díobhálacha gan choinne sna Ballstáit agus sna hearnálacha is mó atá buailte ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1755.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

### 16 02 04 *An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – Ranníocaíocht ón gCúlchiste Coigeartaithe Brexit*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | |

*Barúlacha*

Airteagal Nua

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid a leanas:

— comhairliúcháin dlí maidir le foireann,

— caiteachas a bhaineann le suíomh inlín an Choimisiún (*My IntraComm*) agus an míosachán intí, *Commission en direct*, a tháirgeadh agus fhorbairt,

— caiteachas eile maidir le faisnéis agus cumarsáid inmheánach, lena n-áirítear feachtais chur chun cinn,

— tionscadail chun teagmháil shóisialta idir baill foirne ar de náisiúntachtaí éagsúla iad agus comhtháthú ball foirne agus comhtháthú a dteaghlach a chur chun cinn, agus tionscadail choisctheacha chun freastal ar riachtanais ball foirne atá i mbun seirbhíse agus ar riachtanais a dteaghlach,

— ranníocaíocht leis an gcaiteachas a thabhaíonn baill foirne maidir le gníomhaíochtaí amhail cúnamh baile, comhairle dlí, ionaid faoin spéir le haghaidh leanaí, agus cúrsaí teanga agus ealaíne,

— an costas a bhaineann le saoráidí fáiltithe le haghaidh oifigigh nua agus foireann eile agus a dteaghlaigh agus cúnamh maidir le cúrsaí cóiríochta le haghaidh na foirne,

— caiteachas ar chabhair chomhchineáil is féidir a sholáthar d'oifigigh, iar-oifigigh nó marthanóirí oifigeach a fuair bás agus atá i gcúinsí fíordheacra,

— caiteachas ar bhearta teoranta de chineál sóisialta maidir le cumhacht cheannaigh roinnt ball foirne a bhfuil poist ar na céimeanna is ísle acu agus atá ag obair i Lucsamburg,

— caiteachas ar imeachtaí aitheantais le haghaidh oifigigh, agus go háirithe an costas a bhaineann le boinn le haghaidh 20 bliain de sheirbhís agus bronntanais scoir,

**CAIBIDIL 20 01 — COMHALTAÍ, OIFIGIGH AGUS BAILL FOIRNE SHEALADACHA** *(Ar lean.)*

***20 01 05*** *(Ar lean.)*

20 01 05 03 *(Ar lean.)*

— íocaíochtaí sonracha le daoine a fhaigheann pinsin ón Aontas agus leo siúd atá ina dteideal fúthu agus le haon chleithiúnaithe marthanacha atá i gcúinsí fíordheacra,

— tionscadail choisctheacha a mhaoiniú chun freastal ar riachtanais shonracha iarfhoirne sna Ballstáit éagsúla agus ranníocaíochtaí le comhlachais iarfhoirne.

Maidir leis an mbeartas chun cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas sna catagóirí a leanas:

— oifigigh agus foireann eile i bhfostaíocht ghníomhach,

— céilí oifigeach agus foireann shealadach i bhfostaíocht ghníomhach,

— na leanaí cleithiúnacha uile de réir bhrí na Rialachán Foirne,

cumhdaítear leis, laistigh de theorainneacha an mhéid a iontráiltear sa bhuiséad agus tar éis aon teidlíocht náisiúnta a dheonaítear sa tír chónaithe nó sa tír thionscnaimh a bheith éilithe, aon chaiteachas neamhliachta cuí-réasúnaithe a aithnítear is gá agus a eascraíonn as a míchumas.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar cuid den chaiteachas ar oideachas a chur ar leanaí nach gceadaítear isteach nó nach gceadaítear isteach a thuilleadh, ar chúiseanna oideachais dosheachanta, sna Scoileanna Eorpacha, nó nach féidir leo freastal ar Scoil Eorpach mar thoradh ar ionad oibre na dtuismitheoirí (oifigí seachtracha).

Iontráiltear leithreasuithe chun go gcumhdófar leo an caiteachas coibhéiseach i leith taighde faoi mhíreanna éagsúla de na teidil lena mbaineann.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 352 000 | 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair spreagadh, (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d’obair le trealamh scáileán taispeána (an cúigiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 156, 21.6.1990, lch. 14).

Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

COIMISIÚN
*TEIDEAL 20 — CAITEACHAS RIARACHÁIN AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH*

**CAIBIDIL 20 01 — COMHALTAÍ, OIFIGIGH AGUS BAILL FOIRNE SHEALADACHA** *(Ar lean.)*

***20 01 05*** *(Ar lean.)*

20 01 05 03 *(Ar lean.)*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

20 01 05 04 Soghluaisteacht

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 752 000 | 1 751 000 | 676 392,06 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ticéid a cheannach (ticéad aonbhealaigh agus ticéad gnó), rochtain shaor ar bhealaí iompair phoiblí chun soghluaisteacht idir foirgnimh an Choimisiúin nó idir foirgnimh an Choimisiúin agus foirgnimh phoiblí (mar shampla an t-aerfort) a éascú, rothair seirbhíse agus aon mhodh eile lena spreagtar úsáid as iompar poiblí agus soghluaisteacht fhoireann an Choimisiúin, cé is moite d’fheithiclí seirbhíse.

Is beart beag ach ríthábhachtach é leithreasú sonrach a chruthú chun ticéid séasúir don iompar poiblí a aisíoc chun gealltanas institiúidí an Aontais a dheimhniú maidir lena n-astaíochtaí $CO_2$ a laghdú i gcomhréir lena mbeartas maidir leis an scéim um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS) agus leis na cuspóirí comhaontaithe maidir leis an athrú aeráide.

Iontráiltear leithreasuithe chun go gcumhdófar leo an caiteachas coibhéiseach i leith taighde faoi mhíreanna éagsúla sna teidil lena mbaineann.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 426 000 | 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d’obair le trealamh scáileán taispeána (an cúigiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 156, 21.6.1990, lch. 14).

Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

**CAIBIDIL 20 01 — COMHALTAÍ, OIFIGIGH AGUS BAILL FOIRNE SHEALADACHA** *(Ar lean.)*

***20 01 05*** *(Ar lean.)*

20 01 05 04 *(Ar lean.)*

Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

20 01 05 05 Caiteachas a bhaineann le comórtais, roghnú agus earcaíocht

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 210 000 | 2 481 000 | 1 884 221,29 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid a leanas:

— costais atá nasctha le hearcaíocht agus roghnú maidir le poist bhainistíochta,

— caiteachas ar chuirí chun agallamh fostaíochta a thabhairt d'iarrthóirí ar éirigh leo,

— caiteachas ar chuirí a thabhairt d'oifigigh agus do bhaill foirne eile i dtoscaireachtaí chun páirt a ghlacadh i gcomórtais agus i bpróisis roghnúcháin,

— an costas a bhaineann leis na comórtais agus na próisis roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Chinneadh 2002/620/CE a eagrú.

I gcásanna ina bhfuil bunús iomchuí leo ar fhoras ceanglas feidhmiúil agus tar éis dul i gcomhairle leis an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne, is féidir an leithreasú seo a úsáid le haghaidh comórtas a eagraíonn an institiúid féin.

Ní chumhdaítear leis an leithreasú sin caiteachas ar an bpearsanra a n-iontráiltear leithreasuithe dóibh faoi Airteagal 01 04 agus Airteagal 01 05 de na teidil lena mbaineann.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 150 000 | 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

**CAIBIDIL 20 01 — COMHALTAÍ, OIFIGIGH AGUS BAILL FOIRNE SHEALADACHA** *(Ar lean.)*

***20 01 05*** *(Ar lean.)*

20 01 05 05 *(Ar lean.)*

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

Cinneadh 2002/620/CE ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iniúchóirí, ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, ó Choiste na Réigiún agus ón Ombudsman Eorpach an 25 Iúil 2002 lena mbunaítear Oifig na gComhphobal Eorpach um Roghnú Foirne (IO L 197, 26.7.2002, lch. 53).

Cinneadh 2002/621/CE ó Ard-Rúnaithe Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, ó Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, ó Ard-Rúnaithe na Cúirte Iniúchóirí, ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ó Choiste na Réigiún, agus ó Ionadaí an Ombudsman Eorpaigh an 25 Iúil 2002 maidir le heagrú agus feidhmiú Oifig na gComhphobal Eorpach um Roghnú Foirne (IO L 197, 26.7.2002, lch. 56).

**CAIBIDIL 20 02 — FOIREANN EILE AGUS CAITEACHAS A BHAINEANN LE DAOINE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 02 | FOIREANN EILE AGUS CAITEACHAS A BHAINEANN LE DAOINE | | | | | |
| **20 02 01** | ***Pearsanra seachtrach — Ceanncheathrú*** | | | | | |
| 20 02 01 01 | Foireann ar conradh | 7.2 | 96 454 209 | 90 929 493 | 80 752 081,55 | 83,72 |
| 20 02 01 02 | Foireann gníomhaireachta agus cúnamh teicniúil agus riaracháin mar thacaíocht do ghníomhaíochtaí difriúla | 7.2 | 12 943 430 | 13 193 435 | 15 413 737,89 | 119,09 |
| 20 02 01 03 | Státseirbhísigh náisiúnta atá sannta go sealadach don institiúid | 7.2 | 46 117 949 | 42 459 647 | 36 722 000,— | 79,63 |
| | *Airteagal 20 02 01 — Fo-iomlán* | | 155 515 588 | 146 582 575 | 132 887 819,44 | 85,45 |
| **20 02 02** | ***Pearsanra seachtrach — Ionadaíochtaí an Choimisiúin*** | | | | | |
| 20 02 02 01 | Foireann ar conradh | 7.2 | 19 750 000 | 18 214 000 | 17 681 012,— | 89,52 |
| 20 02 02 02 | Gníomhairí áitiúla | 7.2 | 1 579 000 | 1 540 000 | 1 782 647,38 | 112,90 |
| 20 02 02 03 | Foireann gníomhaireachta | 7.2 | 500 000 | 500 000 | 862 222,25 | 172,44 |
| 20 02 02 04 | Pearsanra seachtrach ragoibre | 7.2 | 10 000 | 10 000 | 600,— | 6 |
| | *Airteagal 20 02 02 — Fo-iomlán* | | 21 839 000 | 20 264 000 | 20 326 481,63 | 93,07 |
| **20 02 03** | ***Pearsanra seachtrach — Toscaireachtaí an Aontais*** | | | | | |
| 20 02 03 01 | Foireann ar conradh | 7.2 | 723 000 | 718 000 | 712 000,— | 98,48 |
| 20 02 03 02 | Foireann áitiúil | 7.2 | 11 902 000 | 9 505 000 | 9 962 000,— | 83,70 |
| 20 02 03 03 | Foireann gníomhaireachta | 7.2 | 188 000 | 66 000 | 138 000,— | 73,40 |
| 20 02 03 04 | Oiliúint a chur ar shaineolaithe sóisearacha agus ar shaineolaithe náisiúnta ar iasacht | 7.2 | 2 451 000 | 2 152 000 | 2 019 000,— | 82,37 |

**CAIBIDIL 20 02 — FOIREANN EILE AGUS CAITEACHAS A BHAINEANN LE DAOINE** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **20 02 03** | *(Ar lean.)* | | | | | |
| 20 02 03 05 | Costais foireann eile agus íocaíocht as seirbhísí eile | 7.2 | 517 000 | 411 000 | 394 000,— | 76,21 |
| | *Airteagal 20 02 03 — Fo-iomlán* | | 15 781 000 | 12 852 000 | 13 225 000,— | 83,80 |
| **20 02 04** | ***An costas a bhaineann le cúrsaí oiliúna le haghaidh céimithe a eagrú leis an institiúid*** | 7.2 | 13 513 000 | 14 478 000 | 13 705 000,— | 101,42 |
| **20 02 05** | ***Comhairleoirí speisialta*** | 7.2 | 1 465 000 | 997 000 | 875 024,74 | 59,73 |
| **20 02 06** | ***Caiteachas bainistíochta eile — Ceanncheathrú*** | | | | | |
| 20 02 06 01 | Speansais mhisin agus ionadaíochta | 7.2 | 38 223 000 | 38 098 000 | 42 846 478,14 | 112,10 |
| 20 02 06 02 | Speansais a bhaineann le cruinnithe, grúpaí saineolaithe agus comhdhálacha | 7.2 | 12 744 000 | 15 192 000 | 8 946 686,60 | 70,20 |
| 20 02 06 03 | Cruinnithe coistí | 7.2 | 5 765 000 | 6 810 000 | 3 100 993,48 | 53,79 |
| 20 02 06 04 | Staidéir agus comhairliúcháin | 7.2 | 3 550 000 | 3 650 000 | 2 798 849,27 | 78,84 |
| 20 02 06 05 | Oiliúint bhreise agus oiliúint bainistíochta | 7.2 | 9 800 000 | 10 020 000 | 10 657 294,51 | 108,75 |
| | *Airteagal 20 02 06 — Fo-iomlán* | | 70 082 000 | 73 770 000 | 68 350 302,— | 97,53 |
| **20 02 07** | ***Caiteachas bainistíochta eile — Toscaireachtaí an Aontais*** | | | | | |
| 20 02 07 01 | Speansais mhisin agus ionadaíochta | 7.2 | 3 574 000 | 3 573 600 | 5 202 000,— | 145,55 |
| 20 02 07 02 | Oiliúint bhreise | 7.2 | 400 000 | 450 000 | 450 000,— | 112,50 |
| | *Airteagal 20 02 07 — Fo-iomlán* | | 3 974 000 | 4 023 600 | 5 652 000,— | 142,22 |
| **20 02 08** | ***Cúrsaí teanga*** | 7.2 | 2 330 000 | 2 548 000 | 2 450 003,53 | 105,15 |
| | **Caibidil 20 02 — IOMLÁN** | | **284 499 588** | **275 515 175** | **257 471 631,34** | **90,50** |

**CAIBIDIL 20 02 — FOIREANN EILE AGUS CAITEACHAS A BHAINEANN LE DAOINE** *(Ar lean.)*

### *20 02 01 Pearsanra seachtrach — Ceanncheathrú*

20 02 01 01 Foireann ar conradh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 96 454 209 | 90 929 493 | 80 752 081,55 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a leanas a thabhaítear laistigh de chríoch an Aontais:

— luach saothair na mball foirne ar conradh (de réir bhrí Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh), ranníocaíochtaí fostóirí le leas sóisialach le haghaidh baill foirne ar conradh agus tionchar ualuithe is infheidhme maidir le luach saothair na mball foirne sin,

— suim chun luach saothair na mball foirne ar conradh atá ag gníomhú mar threoraithe do dhaoine faoi mhíchumas a chumhdach,

— costas aon nuashonruithe ar luach saothair le linn na bliana airgeadais.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Tíortha eile | 5 957 000 | 3 2 0 1 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

Rialacha lena rialaítear ainmníocht agus luach saothair agus coinníollacha airgeadais eile a ghlacann an Coimisiún.

Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16).

Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 22 Meitheamh 2005 maidir leis an gCód dea-chleachtais maidir le fostú daoine faoi mhíchumas.

20 02 01 02 Foireann gníomhaireachta agus cúnamh teicniúil agus riaracháin mar thacaíocht do ghníomhaíochtaí difriúla

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 12 943 430 | 13 193 435 | 15 413 737,89 |

**CAIBIDIL 20 02 — FOIREANN EILE AGUS CAITEACHAS A BHAINEANN LE DAOINE** *(Ar lean.)*

***20 02 01*** *(Ar lean.)*

20 02 01 02 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a leanas a thabhaítear laistigh de chríoch an Aontais:

— foireann gníomhaireachta a fhostú, go háirithe foireann cléireachais agus clóscríobhaithe gearrscríbhneoireachta,

— caiteachas ar fhoireann a áirítear i gconarthaí seirbhíse le haghaidh obair theicniúil agus riaracháin agus soláthar seirbhísí intleachtúla, agus caiteachas ar fhoirgnimh agus trealamh agus costais oibriúcháin a bhaineann leis an gcineál sin foirne,

— costas aon nuashonruithe ar luach saothair le linn na bliana airgeadais.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 201 420 6 6 0 0 |

20 02 01 03 Státseirbhísigh náisiúnta atá sannta go sealadach don institiúid

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 46 117 949 | 42 459 647 | 36 722 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a leanas a thabhaítear laistigh de chríoch an Aontais:

— an costas a bhaineann le státseirbhísigh náisiúnta nó saineolaithe eile ar iasacht nó ar shannacháin shealadacha chuig an gCoimisiún nó a nglaoitear orthu le haghaidh comhairliúcháin ghearra, go háirithe chun reachtaíocht maidir le comhchuibhiú i gceantair éagsúla a dhréachtú; eagraítear malartuithe freisin chun a chur ar a gcumas do na Ballstáit reachtaíocht an Aontais a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach,

— costas aon nuashonruithe ar luach saothair le linn na bliana airgeadais.

***20 02 02*** ***Pearsanra seachtrach — Ionadaíochtaí an Choimisiúin***

20 02 02 01 Foireann ar conradh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 19 750 000 | 18 214 000 | 17 681 012,— |

**CAIBIDIL 20 02 — FOIREANN EILE AGUS CAITEACHAS A BHAINEANN LE DAOINE** *(Ar lean.)*

***20 02 02*** *(Ar lean.)*

20 02 02 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar luach saothair agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta na hinstitiúide maidir le foireann ar conradh atá fostaithe in Ionadaíochtaí an Choimisiúin san Aontas.

*Bunús dlí*

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

20 02 02 02 Gníomhairí áitiúla

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 579 000 | 1 540 000 | 1 782 647,38 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar luach saothair agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta na hinstitiúide maidir le baill foirne áitiúla atá fostaithe in Ionadaíochtaí an Choimisiúin san Aontas.

*Bunús dlí*

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

20 02 02 03 Foireann gníomhaireachta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 500 000 | 500 000 | 862 222,25 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar luach saothair agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta na hinstitiúide maidir le foireann gníomhaireachta atá fostaithe in Ionadaíochtaí an Choimisiúin san Aontas.

*Bunús dlí*

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

**CAIBIDIL 20 02 — FOIREANN EILE AGUS CAITEACHAS A BHAINEANN LE DAOINE** *(Ar lean.)*

***20 02 02*** *(Ar lean.)*

20 02 02 04 Pearsanra seachtrach ragoibre

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 10 000 | 10 000 | 600,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ragobair ar ráta comhréidh i leith baill foirne áitiúla, baill foirne ar conradh agus foireann gníomhaireachta atá fostaithe in Ionadaíochtaí an Choimisiúin san Aontas.

*Bunús dlí*

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

***20 02 03*** ***Pearsanra seachtrach — Toscaireachtaí an Aontais***

20 02 03 01 Foireann ar conradh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 723 000 | 718 000 | 712 000,— |

*Barúlacha*

Maidir le pearsanra seachtrach an Choimisiúin ag a bhfuil poist i dtoscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta, tá an leithreasú seo beartaithe chun go gcumhdófar leis an méid a leanas:

— luach saothair na foirne ar conradh, agus na muirir agus sochair slándála sóisialta atá le híoc ag an bhfostóir,

— liúntais suiteála agus athlonnaithe atá dlite d'fhoireann ar conradh a bhfuil ceanglas orthu a n-áit chónaithe a athrú nuair a théann siad i mbun dualgais, nuair a aistríonn siad chuig áit fostaíochta nua agus ar deireadh nuair a fhágann siad an institiúid agus nuair a athlonnaíonn siad in áit eile,

— speansais taistil atá dlite d'fhoireann ar conradh (lena n-áirítear baill dá dteaghlaigh) nuair a théann siad i mbun dualgais, nuair a fhágann siad an institiúid nó nuair a aistríonn siad chuig áit fostaíochta eile,

— costais aistrithe atá dlite d'fhoireann ar conradh a bhfuil ceanglas orthu a n-áit chónaithe a athrú nuair a théann siad i mbun dualgais, nuair a aistríonn siad chuig áit fostaíochta nua agus ar deireadh nuair a fhágann siad an institiúid agus nuair a athlonnaíonn siad in áit eile.

**CAIBIDIL 20 02 — FOIREANN EILE AGUS CAITEACHAS A BHAINEANN LE DAOINE** *(Ar lean.)*

***20 02 03*** *(Ar lean.)*

20 02 03 01 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

20 02 03 02 Foireann áitiúil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 11 902 000 | 9 505 000 | 9 962 000,— |

*Barúlacha*

Maidir le pearsanra seachtrach an Choimisiúin ag a bhfuil poist i dtoscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta, Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar luach saothair foireann áitiúil, agus na muirir agus sochair slándála sóisialta atá le híoc ag an bhfostóir.

20 02 03 03 Foireann gníomhaireachta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 188 000 | 66 000 | 138 000,— |

*Barúlacha*

Maidir le pearsanra seachtrach an Choimisiúin ag a bhfuil poist i dtoscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta, Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid a leanas:

— seirbhísí a chuireann foireann gníomhaireachtaí agus saorfhoireann ar fáil.

20 02 03 04 Oiliúint a chur ar shaineolaithe sóisearacha agus ar shaineolaithe náisiúnta ar iasacht

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 451 000 | 2 152 000 | 2 019 000,— |

**CAIBIDIL 20 02 — FOIREANN EILE AGUS CAITEACHAS A BHAINEANN LE DAOINE** *(Ar lean.)*

***20 02 03*** *(Ar lean.)*

20 02 03 04 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Maidir le pearsanra seachtrach an Choimisiúin ag a bhfuil poist i dtoscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta, tá sé beartaithe leis an leithreasú seo an méid a leanas a dhéanamh:

— an caiteachas a bhaineann le saineolaithe sóisearacha (céimithe ollscoile) a phostú i dtoscaireachtaí an Aontais a mhaoiniú nó a chómhaoiniú,

— na costais a bhaineann le seimineáir a eagraíodh le haghaidh taidhleoirí óga ó na Ballstáit agus ó thríú tíortha a ghlanadh,

— caiteachas a bhaineann le hiasacht nó sannadh sealadach oifigeach ó na Ballstáit chuig toscaireachtaí an Aontais a chumhdach.

20 02 03 05 Costais foireann eile agus íocaíocht as seirbhísí eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 517 000 | 411 000 | 394 000,— |

*Barúlacha*

Maidir le pearsanra seachtrach an Choimisiúin ag a bhfuil poist i dtoscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta, tá an leithreasú seo beartaithe chun go gcumhdófar ranníocaíochtaí an fhostóra i gcomhair cumhdach slándála sóisialta forlíontach le haghaidh baill foirne áitiúla.

***20 02 04*** ***An costas a bhaineann le cúrsaí oiliúna le haghaidh céimithe a eagrú leis an institiúid***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 13 513 000 | 14 478 000 | 13 705 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na costais a bhaineann le cúrsaí oiliúna inseirbhíse le haghaidh céimithe ollscoile. Tá cúrsaí oiliúna den sórt sin ceaptha chun taithí ar obair an Choimisiúin, agus obair an Aontais go ginearálta, a sholáthar do chéimithe, lena n-áirítear tuiscint ar chuspóirí agus ar spriocanna phróisis agus bheartais chomhtháthaithe an Aontais, agus an deis chun a n-eolas a fheabhsú trí thaithí oibre phraiticiúil a dhéanamh sa Choimisiún.

**CAIBIDIL 20 02 — FOIREANN EILE AGUS CAITEACHAS A BHAINEANN LE DAOINE** *(Ar lean.)*

***20 02 04*** *(Ar lean.)*

Cumhdaítear leis an leithreasú seo íocaíocht deontais mhíosúla agus costais eile a bhaineann le clár na gcúrsaí oiliúna, amhail árachas timpiste agus breoiteachta, liúntas taistil agus costais taistil eile, tacaíocht theicniúil, gníomhaíochtaí agus imeachtaí cumarsáide (amhail gníomhaíochtaí oiliúna, seirbhísí digiteacha atá nasctha le himeachtaí ar líne, cuairteanna, ábhair bholscaireachta, liúntas laethúil nó costais chothaithe, costais óstála agus fháiltithe).

Tá roghnú na n-oiliúnaithe bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus thrédhearcacha.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 3 356 744 | 3 2 0 2 |

***20 02 05*** ***Comhairleoirí speisialta***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 465 000 | 997 000 | 875 024,74 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar luach saothair na gcomhairleoirí speisialta, a speansais mhisin agus ranníocaíochtaí árachais timpiste na hinstitiúide.

*Bunús dlí*

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

***20 02 06*** ***Caiteachas bainistíochta eile — Ceanncheathrú***

20 02 06 01 Speansais mhisin agus ionadaíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 38 223 000 | 38 098 000 | 42 846 478,14 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas oibriúcháin díláraithe a leanas:

**CAIBIDIL 20 02 — FOIREANN EILE AGUS CAITEACHAS A BHAINEANN LE DAOINE** *(Ar lean.)*

***20 02 06*** *(Ar lean.)*

20 02 06 01 *(Ar lean.)*

Misin:

— speansais taistil, lena n-áirítear costais choimhdeacha a bhaineann le ticéid agus áirithintí, liúntais chothaithe laethúla agus caiteachas breise nó eisceachtúil a thabhaítear i dtaca le misin fhoireann an Choimisiúin a chumhdaítear leis na Rialacháin Foirne agus misin saineolaithe náisiúnta nó idirnáisiúnta nó oifigeach a thugtar ar iasacht do ranna an Choimisiúin (caiteachas sannta a bheidh in aisíocaíochtaí ar speansais mhisin a íoctar do chuntas institiúidí nó comhaltaí eile an Aontais agus do thríú páirtithe). I gcás ina bhfuil an rogha ar fáil, bainfidh an Coimisiún úsáid as aerlínte a chumhdaítear le comhaontuithe cómhargála agus a chomhlíonann coinbhinsiúin ábhartha EIS.

Speansais ionadaíochta:

— aisíoc na gcostas a thabhaíonn daoine a dhéanann ionadaíocht oifigiúil don Choimisiún (níl aisíoc indéanta le haghaidh costais a thabhaítear i bhfeidhmiú dualgas ionadaíochta maidir le foireann an Choimisiúin nó institiúidí eile den Aontas).

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 320 200 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

20 02 06 02 Speansais a bhaineann le cruinnithe, grúpaí saineolaithe agus comhdhálacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 12 744 000 | 15 192 000 | 8 946 686,60 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas oibriúcháin díláraithe a leanas:

Cruinnithe saineolaithe:

— aisíocaíocht na gcostas a thabhaítear maidir le feidhmiú na ngrúpaí saineolaithe arna mbunú nó arna dtionól ag an gCoimisiún: speansais taistil, chothaithe agus theagmhasacha saineolaithe atá rannpháirteach i ngrúpaí staidéir agus meithleacha, agus an costas a bhaineann leis na cruinnithe sin a eagrú i gcás nach gcumhdaítear iad leis an mbonneagar atá ann cheana i gceanncheathrú na n-institiúidí ná sna hoifigí seachtracha (aisíoctar saineolaithe ar bhonn cinntí a dhéanann an Coimisiún).

**CAIBIDIL 20 02 — FOIREANN EILE AGUS CAITEACHAS A BHAINEANN LE DAOINE** *(Ar lean.)*

***20 02 06*** *(Ar lean.)*

20 02 06 02 *(Ar lean.)*

Comhdhálacha:

— caiteachas a bhaineann le comhdhálacha, comhthionóil agus cruinnithe arna n-eagrú ag an gCoimisiún mar thacaíocht lena bheartais éagsúla, agus caiteachas maidir le líonra le haghaidh eagraíochtaí agus comhlachtaí rialála airgeadais a reáchtáil, lena n-áirítear cruinniú bliantúil idir na heagraíochtaí sin agus comhaltaí an Choiste um Rialú Buiséadach de chuid Pharlaimint na hEorpa, mar a iarrtar i mír 88 den rún ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Aibreán 2006 agus barúlacha mar chuid lárnach den chinneadh maidir leis an urscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2004, Roinn III — An Coimisiún (IO L 340, 6.12.2006, lch. 5),

— caiteachas a bhaineann le comhdhálacha, seimineáir, cruinnithe, cúrsaí oiliúna agus oiliúint phraiticiúil intí le haghaidh oifigigh de chuid na mBallstát a bhainistíonn nó a dhéanann faireachán ar oibríochtaí arna maoiniú le cistí an Aontais nó ar oibríochtaí chun ioncam a bhailiú arb é atá ann acmhainní dílse an Aontais nó a théann i gcomhar i gcóras staidrimh an Aontais, agus caiteachas den chineál céanna le haghaidh oifigigh ó thíortha lár agus oirthear na hEorpa a bhainistíonn nó a dhéanann faireachán ar oibríochtaí arna maoiniú faoi chláir de chuid an Aontais,

— caiteachas ar oiliúint a chur ar oifigigh tríú tír a dhéanann dualgais bhainistíochta nó rialála a bhfuil tionchar díreach acu ar leas airgeadais an Aontais a chosaint,

— an costas a bhaineann le rannpháirtíocht an Choimisiúin i gcomhdhálacha, comhthionóil agus cruinnithe,

— táillí clárúcháin comhdhála, seachas speansais oiliúna,

— síntiúis le comhlachais trádála agus eolaíocha,

— an costas a bhaineann le sólaistí agus bia a riartar ar ócáidí speisialta le linn cruinnithe inmheánacha a chumhdach.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | |
|---|---|
| CSTE-LEE | 310 500 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

20 02 06 03 Cruinnithe coistí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 5 765 000 | 6 810 000 | 3 100 993,48 |

***20 02 06*** *(Ar lean.)*

20 02 06 03 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas oibriúcháin díláraithe a leanas:

Cruinnithe coistí:

— speansais taistil, chothaithe agus theagmhasacha saineolaithe atá rannpháirteach i gcoistí arna mbunú ag an gConradh agus ag Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó Rialacháin ón gComhairle, agus an costas a bhaineann leis na cruinnithe sin a eagrú i gcás nach gcumhdaítear iad leis an mbonneagar atá ann cheana (i gceanncheathrú na n-institiúidí ná sna hoifigí seachtracha) (aisíoctar saineolaithe ar bhonn cinntí a dhéanann an Coimisiún).

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 103 000 | 6 6 0 0 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

20 02 06 04 Staidéir agus comhairliúcháin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 550 000 | 3 650 000 | 2 798 849,27 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas oibriúcháin díláraithe a leanas:

Staidéir agus comhairliúcháin:

— caiteachas ar staidéir speisialaithe agus comhairliúcháin a chuirtear amach ar conradh do shaineolaithe ardcháilithe (daoine aonair nó gnólachtaí) mura bhfuil foireann oiriúnach ar fáil ag an gCoimisiún chun na staidéir sin a dhéanamh,

— ceannachán staidéar a rinneadh cheana nó síntiúis le hinstitiúidí taighde speisialaithe.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| CSTE-LEE | 4 000 | 6 6 0 0 |

**CAIBIDIL 20 02 — FOIREANN EILE AGUS CAITEACHAS A BHAINEANN LE DAOINE** *(Ar lean.)*

***20 02 06*** *(Ar lean.)*

20 02 06 04 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

20 02 06 05 Oiliúint bhreise agus oiliúint bainistíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 9 800 000 | 10 020 000 | 10 657 294,51 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas seo a leanas:

— caiteachas maidir le hoiliúint ghinearálta atá ceaptha chun feabhas a chur ar scileanna na foirne agus ar fheidhmíocht agus éifeachtúlacht an Choimisiúin,

— táillí saineolaithe atá fostaithe chun riachtanais oiliúna a shainaithint, cúrsaí a dhearadh, a fhorbairt agus a reáchtáil agus meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar thorthaí,

— táillí sainchomhairleoirí i réimsí éagsúla, go háirithe modhanna eagraíochtúla, bainistíocht, straitéis, dearbhú cáilíochta agus bainistíocht pearsanra,

— caiteachas a thabhaítear maidir leis an oiliúint arna heagrú ag an gCoimisiún i bhfoirm cúrsaí, seimineár agus comhdhálacha (teagascóirí nó cainteoirí cúrsa agus a speansais taistil agus chothaithe laethúla, agus a n-ábhair teagaisc) a dhearadh, a reáchtáil agus a mheas,

— an costas a bhaineann le freastal ar oiliúint sheachtrach agus le dul i bpáirt leis na heagraíochtaí gairmiúla ábhartha,

— caiteachas i ndáil leis na gnéithe praiticiúla a bhaineann le cúrsaí den sórt sin a eagrú agus áitribh agus iompar a úsáid agus an costas a bhaineann le bia agus cóiríocht le haghaidh rannpháirtithe na gcúrsaí cónaithe,

— caiteachas oiliúna a bhaineann le foilseacháin agus faisnéis, suíomhanna idirlín gaolmhara agus ceannachán trealaimh teagaisc, síntiús agus ceadúnas le haghaidh cianteagaisc, leabhair, táirgí preasa agus ilmheán,

— áiseanna teagaisc a mhaoiniú.

Tá sé beartaithe freisin go gcumhdófar leis an leithreasú seo caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí tacaíochta an-sonrach le haghaidh ateangairí foirne, amhail oiliúint théamach, cuairteanna teanga, agus cúrsaí athnuachana nó dianchúrsaí.

**CAIBIDIL 20 02 — FOIREANN EILE AGUS CAITEACHAS A BHAINEANN LE DAOINE** *(Ar lean.)*

***20 02 06*** *(Ar lean.)*

20 02 06 05 *(Ar lean.)*

Faoin gcomhaontú maidir le coinníollacha oibre de ghníomhairí ateangaireachta comhdhála (ACInna), tá rochtain ag an gcatagóir ateangairí seo ar thacaíocht theoranta d'oiliúint teanga (i.e. sparánachtaí do chuairteanna teanga agus dearbháin oiliúna).

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 1 430 000 | 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

*Gníomhartha tagartha*

Treoir inmheánach an Choimisiúin; Conclúid 252/08 an 15 Feabhra 2008 — Comhaontú ar choinníollacha oibre agus an córas airgid le haghaidh gníomhairí ateangaireachta comhdhála (ACInna) arna n-earcú ag institiúidí an Aontais Eorpaigh.

***20 02 07*** ***Caiteachas bainistíochta eile — Toscaireachtaí an Aontais***

20 02 07 01 Speansais mhisin agus ionadaíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 574 000 | 3 573 600 | 5 202 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid a leanas:

— an liúntas seasta a dheonaítear d'oifigigh a thabhaíonn speansais ionadaíochta go tráthrialta de bharr a ndualgas, agus aisíocaíocht na gcostas arna dtabhú ag oifigigh údaraithe chun ionadaíocht a dhéanamh ar an gCoimisiún nó ar an Aontas ar mhaithe leis an tseirbhís agus de bharr a ndualgas (i gcás thoscaireachtaí an Aontais laistigh de chríoch an Aontais, cumhdófar cuid de na speansais chóiríochta leis an liúntas ionadaíochta seasta),

**CAIBIDIL 20 02 — FOIREANN EILE AGUS CAITEACHAS A BHAINEANN LE DAOINE** *(Ar lean.)*

***20 02 07*** *(Ar lean.)*

20 02 07 01 *(Ar lean.)*

— caiteachas ar speansais taistil, liúntais chothaithe laethúla le haghaidh misin agus speansais theagmhasacha nó eisceachtúla a thabhaítear i dtaca le misin oifigeach agus misin foirne eile,

— caiteachas a eascraíonn as géarchéimeanna, lena n-áirítear taisteal, cóiríocht agus liúntais chothaithe laethúla.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

20 02 07 02 Oiliúint bhreise

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 400 000 | 450 000 | 450 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid a leanas:

— caiteachas maidir le hoiliúint ghinearálta agus teanga atá ceaptha chun feabhas a chur ar scileanna na foirne agus ar fheidhmíocht agus éifeachtúlacht an Choimisiúin:

— táillí saineolaithe atá fostaithe chun riachtanais oiliúna a shainaithint, cúrsaí a dhearadh, a fhorbairt agus a reáchtáil agus meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar thorthaí,

— táillí sainchomhairleoirí i réimsí éagsúla, go háirithe modhanna eagraíochtúla, pleanáil, bainistíocht, straitéis, dearbhú cáilíochta agus bainistíocht pearsanra,

— caiteachas a thabhaítear maidir le hoiliúint arna heagrú ag an gCoimisiún nó ag SEGS i bhfoirm cúrsaí sa seomra ranga agus ar líne, acmhainní foghlama ar líne, seimineáir ghréasáin, seimineáir agus comhdhálacha (dearthóirí, teagascóirí, cainteoirí, agus comhordaitheoirí cúrsaí agus a speansais taistil agus chothaithe laethúla agus a n-ábhair teagaisc) a dhearadh, a reáchtáil agus a mheas,

— caiteachas a bhaineann leis na gnéithe praiticiúla agus lóistíochtúla a bhaineann le cúrsaí a eagrú lena n-áirítear áitribh, iompar agus fruiliú trealaimh chun críocha oiliúna agus le haghaidh seimineáir áitiúla agus réigiúnacha chomh maith le costais ghaolmhara ilghnéitheacha amhail sólaistí agus bia,

— an costas a bhaineann le páirt a ghlacadh i gcomhdhálacha agus siompóisiamaí, agus síntiúis le comhlachais ghairmiúla agus eolaíocha,

**CAIBIDIL 20 02 — FOIREANN EILE AGUS CAITEACHAS A BHAINEANN LE DAOINE** *(Ar lean.)*

***20 02 07*** *(Ar lean.)*

20 02 07 02 *(Ar lean.)*

— caiteachas oiliúna a bhaineann le foilseacháin agus faisnéis, suíomhanna idirlín gaolmhara agus ceannachán trealaimh teagaisc, síntiús agus ceadúnas le haghaidh cianteagaisc, leabhair, táirgí preasa agus ilmheán.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

***20 02 08*** ***Cúrsaí teanga***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 330 000 | 2 548 000 | 2 450 003,53 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid a leanas:

— an costas a bhaineann le cúrsaí teanga le haghaidh oifigigh agus baill foirne eile a eagrú,

— an costas a bhaineann le cúrsaí teanga le haghaidh céilí oifigeach agus céilí foireann eile a eagrú, agus aird chuí á tabhairt ar bheartas comhtháthaithe,

— ábhar agus doiciméadacht a cheannach,

— comhairliúchán le saineolaithe.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 1 593 500 | 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 03 | CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN | | | | | |
| **20 03 01** | ***Bonneagar agus lóistíocht — An Bhruiséil*** | | | | | |
| 20 03 01 01 | Foirgnimh a fháil agus a fháil ar cíos | 7.2 | 191 007 000 | 200 737 000 | 186 944 563,22 | 97,87 |
| 20 03 01 02 | Caiteachas a bhaineann le foirgnimh | 7.2 | 90 535 400 | 87 196 000 | 97 247 875,34 | 107,41 |
| 20 03 01 03 | Trealamh agus troscán | 7.2 | 5 973 000 | 7 073 000 | 7 083 213,05 | 118,59 |
| 20 03 01 04 | Seirbhísí agus caiteachas oibriúcháin eile | 7.2 | 6 584 000 | 7 007 000 | 7 047 921,46 | 107,05 |
| | *Airteagal 20 03 01 — Fo-iomlán* | | 294 099 400 | 302 013 000 | 298 323 573,07 | 101,44 |
| **20 03 02** | ***Bonneagar agus lóistíocht — Lucsamburg*** | | | | | |
| 20 03 02 01 | Foirgnimh a fháil agus a fháil ar cíos | 7.2 | 56 384 000 | 47 509 000 | 44 096 637,85 | 78,21 |
| 20 03 02 02 | Caiteachas a bhaineann le foirgnimh | 7.2 | 25 466 000 | 18 297 964 | 17 541 819,82 | 68,88 |
| 20 03 02 03 | Trealamh agus troscán | 7.2 | 1 811 000 | 1 811 000 | 886 371,08 | 48,94 |
| 20 03 02 04 | Seirbhísí agus caiteachas oibriúcháin eile | 7.2 | 854 500 | 907 000 | 690 438,— | 80,80 |
| | *Airteagal 20 03 02 — Fo-iomlán* | | 84 515 500 | 68 524 964 | 63 215 266,75 | 74,80 |
| **20 03 03** | ***Bonneagar agus lóistíocht — An Ghráinseach*** | | | | | |
| 20 03 03 01 | Foirgnimh a fháil agus a fháil ar cíos | 7.2 | 85 000 | 85 000 | 82 248,96 | 96,76 |
| 20 03 03 02 | Caiteachas a bhaineann le foirgnimh | 7.2 | 1 441 000 | 1 711 000 | 1 407 264,31 | 97,66 |
| 20 03 03 03 | Trealamh agus troscán | 7.2 | 644 000 | 432 000 | 515 596,27 | 80,06 |

COIMISIÚN
*TEIDEAL 20 — CAITEACHAS RIARACHÁIN AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH*

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **20 03 03** | *(Ar lean.)* | | | | | |
| 20 03 03 04 | Seirbhísí agus caiteachas oibriúcháin eile | 7.2 | 12 000 | 17 000 | 13 000,— | 108,33 |
| | *Airteagal 20 03 03 — Fo-iomlán* | | 2 182 000 | 2 245 000 | 2 018 109,54 | 92,49 |
| **20 03 04** | ***Bonneagar agus lóistíocht — Ionadaíochtaí an Choimisiúin*** | | | | | |
| 20 03 04 01 | Foirgnimh a fháil agus a fháil ar cíos | 7.2 | 11 552 000 | 10 195 000 | 9 518 167,98 | 82,39 |
| 20 03 04 02 | Caiteachas a bhaineann le foirgnimh | 7.2 | 6 229 000 | 6 219 000 | 5 050 928,18 | 81,09 |
| 20 03 04 03 | Trealamh agus troscán | 7.2 | 837 000 | 957 000 | 644 712,85 | 77,03 |
| 20 03 04 04 | Seirbhísí agus caiteachas oibriúcháin eile | 7.2 | 454 000 | 480 000 | 430 349,05 | 94,79 |
| | *Airteagal 20 03 04 — Fo-iomlán* | | 19 072 000 | 17 851 000 | 15 644 158,06 | 82,03 |
| **20 03 05** | ***Bonneagar agus lóistíocht — Toscaireachtaí an Aontais*** | | | | | |
| 20 03 05 01 | Fáil, cíos agus caiteachas lena mbaineann | 7.2 | 25 742 000 | 21 826 500 | 23 114 000,— | 89,79 |
| 20 03 05 02 | Caiteachas a bhaineann le foirgnimh | 7.2 | 368 000 | 364 000 | 402 000,— | 109,24 |
| 20 03 05 03 | Trealamh agus troscán | 7.2 | 386 000 | 387 000 | 342 000,— | 88,60 |
| | *Airteagal 20 03 05 — Fo-iomlán* | | 26 496 000 | 22 577 500 | 23 858 000,— | 90,04 |
| **20 03 06** | ***Tionscadail tógála an Choimisiúin — Réamhíocaíochtaí*** | 7.2 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **20 03 07** | ***Caiteachas slándála agus rialaithe*** | | | | | |
| 20 03 07 01 | Slándáil agus faireachán — Ceanncheathrú | 7.2 | 12 520 000 | 11 282 000 | 11 182 289,98 | 89,32 |
| 20 03 07 02 | Gardáil foirgneamh — An Bhruiséil | 7.2 | 29 500 000 | 27 363 000 | 31 460 692,59 | 106,65 |

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **20 03 07** | *(Ar lean.)* | | | | | |
| 20 03 07 03 | Cosaint foirgneamh — Lucsamburg | 7.2 | 8 203 000 | 8 203 000 | 8 196 400,— | 99,92 |
| 20 03 07 04 | Slándáil — An Ghráinseach | 7.2 | 485 000 | 441 000 | 440 977,37 | 90,92 |
| 20 03 07 05 | Slándáil — Ionadaíochtaí an Choimisiúin | 7.2 | 3 400 000 | 3 500 000 | 2 804 482,37 | 82,48 |
| 20 03 07 06 | Slándáil — Toscaireachtaí an Aontais | 7.2 | 5 787 000 | 5 388 500 | 5 865 000,— | 101,35 |
| | *Airteagal 20 03 07 — Fo-iomlán* | | 59 895 000 | 56 177 500 | 59 949 842,31 | 100,09 |
| **20 03 08** | ***Foilseacháin agus faisnéis*** | | | | | |
| 20 03 08 01 | Foilseacháin | 7.2 | 485 000 | 465 000 | 499 670,19 | 103,02 |
| 20 03 08 02 | Acmhainní sonraí, taighde agus faisnéise a fháil chun tacú le ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise | 7.2 | 2 824 000 | 2 824 000 | 2 824 000,— | 100 |
| 20 03 08 03 | Faisnéis a cheannach | 7.2 | 3 720 000 | 2 365 000 | 1 356 386,84 | 36,46 |
| 20 03 08 04 | Ranníocaíocht ón Aontas chun cartlanna stairiúla an Aontais a oibriú | 7.2 | 1 743 000 | 1 618 839 | 1 568 140,— | 89,97 |
| | *Airteagal 20 03 08 — Fo-iomlán* | | 8 772 000 | 7 272 839 | 6 248 197,03 | 71,23 |
| **20 03 09** | ***Caiteachas dlíthiúil*** | | | | | |
| 20 03 09 01 | Comhairleoireacht dhlíthiúil, dlíthíocht agus sáruithe — Costais dlí | 7.2 | 3 500 000 | 3 500 000 | 1 974 000,— | 56,40 |
| 20 03 09 02 | Costais dlí — Ionadaíochtaí an Choimisiúin | 7.2 | 5 000 | 5 000 | 400,— | 8 |
| 20 03 09 03 | Damáistí | 7.2 | 100 000 | 100 000 | 150 000,— | 150 |

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **20 03 09** | *(Ar lean.)* | | | | | |
| 20 03 09 04 | Iarrataí ar dhamáistí de thoradh imeachtaí dlí in aghaidh chinntí an Choimisiúin i réimse an bheartais iomaíochta | 7.2 | p.m. | p.m. | 1 407 960,15 | |
| | *Airteagal 20 03 09 — Fo-iomlán* | | 3 605 000 | 3 605 000 | 3 532 360,15 | 97,99 |
| **20 03 10** | ***Caiteachas a bhaineann leis an státchiste*** | | | | | |
| 20 03 10 01 | Muirir airgeadais | 7.2 | 400 000 | 400 000 | 369 082,65 | 92,27 |
| 20 03 10 02 | Bainistíocht státchiste | 7.2 | p.m. | p.m. | 917,35 | |
| 20 03 10 03 | Caiteachas géarchéime eisceachtúla | 7.2 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 20 03 10 — Fo-iomlán* | | 400 000 | 400 000 | 370 000,— | 92,50 |
| **20 03 11** | ***Ateangaireacht*** | | | | | |
| 20 03 11 01 | Caiteachas ateangaireachta | 7.2 | 14 565 000 | 14 100 000 | 14 083 266,30 | 96,69 |
| 20 03 11 02 | Tacaíocht ghairmiúil | 7.2 | 150 000 | 195 000 | 108 183,18 | 72,12 |
| 20 03 11 03 | Comhar idirinstitiúideach — Ateangaireacht | 7.2 | 80 000 | 150 000 | 12 008,43 | 15,01 |
| | *Airteagal 20 03 11 — Fo-iomlán* | | 14 795 000 | 14 445 000 | 14 203 457,91 | 96 |
| **20 03 12** | ***Eagrú comhdhálacha*** | | | | | |
| 20 03 12 01 | Trealamh teicniúil agus seirbhísí le haghaidh seomraí comhdhála an Choimisiúin | 7.2 | 5 000 000 | 5 000 000 | 9 400 000,— | 188 |
| 20 03 12 02 | Caiteachas chun comhdhálacha a eagrú | 7.2 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 20 03 12 — Fo-iomlán* | | 5 000 000 | 5 000 000 | 9 400 000,— | 188 |

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **20 03 13** | ***Aistriúchán*** | | | | | |
| 20 03 13 01 | Caiteachas aistriúcháin | 7.2 | 14 000 000 | 13 000 000 | 17 000 000,— | 121,43 |
| 20 03 13 02 | Comhar idirinstitiúideach — Aistriúchán | 7.2 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 20 03 13 — Fo-iomlán* | | 14 000 000 | 13 000 000 | 17 000 000,— | 121,43 |
| **20 03 14** | ***Ranníocaíochtaí éagsúla*** | | | | | |
**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 05*** *(Ar lean.)*

20 03 05 01 Fáil, cíos agus caiteachas lena mbaineann

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 25 742 000 | 21 826 500 | 23 114 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid a leanas i dtoscaireachtaí an Aontais:

— liúntais chóiríochta shealadacha agus liúntais laethúla,

— maidir le gach foirgneamh nó codanna d'fhoirgnimh le haghaidh oifigigh ag a bhfuil poist lasmuigh den Aontas: cíosanna (lena n-áirítear cóiríocht shealadach) agus cánacha.

20 03 05 02 Caiteachas a bhaineann le foirgnimh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 368 000 | 364 000 | 402 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid a leanas maidir le gach foirgneamh nó codanna d'fhoirgnimh le haghaidh cóiríocht oifigeach agus gníomhairí conartha ag a bhfuil poist lasmuigh den Aontas:

— préimheanna árachais,

— cothabháil, athchóiriú agus deisiúcháin mhóra.

20 03 05 03 Trealamh agus troscán

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 386 000 | 387 000 | 342 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid a leanas maidir le gach foirgneamh nó codanna d'fhoirgnimh le haghaidh cóiríocht oifigeach agus gníomhairí conartha ag a bhfuil poist lasmuigh den Aontas:

— trealamh amhail gineadóirí agus aonaid aerchóiriúcháin a cheannach, a chothabháil agus a dheisiú,

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 05*** *(Ar lean.)*

20 03 05 03 *(Ar lean.)*

— le haghaidh na bhfoirgneamh nó codanna d'fhoirgnimh atá ar áitiú ag foireann an Choimisiúin ag a bhfuil poist mheánbhainistíochta laistigh de chríoch an Aontais: aisíocaíocht costas mar a shonraítear le hAirteagal 14 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne,

— caiteachas ar throscán agus daingneáin le haghaidh cóiríocht chónaithe a chuirtear ar fáil do bhaill foirne atá i mbun aistrithe.

***20 03 06*** ***Tionscadail tógála an Choimisiúin — Réamhíocaíochtaí***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar réamhíocaíochtaí a bhaineann le tionscadail tógála an Choimisiúin.

Soláthróidh an Coimisiún achoimre mhionsonraithe ar na réamhíocaíochtaí in aghaidh an tionscadail sa doiciméad oibre maidir lena bheartas tógála i gcomhréir le hAirteagal 266(1) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***20 03 07*** ***Caiteachas slándála agus rialaithe***

20 03 07 01 Slándáil agus faireachán — Ceanncheathrú

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 12 520 000 | 11 282 000 | 11 182 289,98 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar speansais a bhaineann leis an méid a leanas:

— slándáil fhisiceach agus ábhartha daoine agus maoine, go háirithe trealamh slándála teicniúla a cheannach, a fhruiliú nó a léasú, a chothabháil, a dheisiú, a shuiteáil agus a ionadú,

COIMISIÚN
*TEIDEAL 20 — CAITEACHAS RIARACHÁIN AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH*

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 07*** *(Ar lean.)*

20 03 07 01 *(Ar lean.)*

- sláinte agus sábháilteacht daoine aonair ag an obair, go háirithe costais a bhaineann le hiniúchadh reachtúil (iniúchadh ar shuiteálacha teicniúla i bhfoirgnimh, comhordaitheoir sábháilteachta agus iniúchtaí sláinte agus sláinteachais ar tháirgí bia), trealamh comhraicthe dóiteáin a cheannach, a fhruiliú agus a chothabháil, agus caiteachas ar oiliúint agus trealamh chun comhraiceoirí dóiteáin (Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh) a threorú agus le haghaidh picéid dóiteáin (an Tionscnamh Eorpach Íocaíochtaí), lena gceanglaítear a láithreacht i bhfoirgnimh de réir an dlí,
- meastóireacht thréimhsiúil ar fheidhmiú an chórais bainistíochta comhshaoil laistigh den institiúid,
- dearadh, táirgeacht agus pearsantú an *laissez-passer* arna eisiúint ag an Aontas.

Sula ndéantar conarthaí ar mhéid de bhreis ar EUR 300 000 a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, agus d'fhonn caiteachas a réasúnú, ní mór don Choimisiún dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile maidir leis na coinníollacha (praghas, an t-airgeadra roghnaithe, innéacsú, fad, clásail eile) a fhaigheann gach ceann díobh le haghaidh conradh comhchosúil.

Iontráiltear leithreasuithe chun go gcumhdófar leo an caiteachas coibhéiseach i leith taighde faoi mhíreanna éagsúla de na teidil lena mbaineann.

Cumhdaítear leis an leithreasú sin caiteachas a thabhaítear laistigh de chríoch an Aontais, seachas:

- Ionadaíochtaí an Choimisiúin san Aontas,
- toscaireachtaí an Aontais laistigh de chríoch an Aontais.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 828 000 | 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'obair le trealamh scáileán taispeána (an cúigiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 156, 21.6.1990, lch. 14).

Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, Cinneadh 2001/681/CE ón gCoimisiún agus Cinneadh 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 1417/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos an cineál *laissez-passer* arna eisiúint ag an Aontas Eorpach, (IO L 353, 28.12.2013, lch. 26).

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 07*** *(Ar lean.)*

20 03 07 01 *(Ar lean.)*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

20 03 07 02 Gardáil foirgneamh — An Bhruiséil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 29 500 000 | 27 363 000 | 31 460 692,59 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas maidir le cosaint, faireachas, rialú rochtana agus seirbhísí eile a bhaineann le foirgnimh atá ar áitiú ag an gCoimisiún (sula ndéantar conarthaí ar mhéid de bhreis ar EUR 300 000 a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, agus d'fhonn caiteachas a réasúnú, ní mór don Choimisiún dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile maidir leis na coinníollacha (praghas, an t-airgeadra roghnaithe, innéacsú, fad, clásail eile) a fhaigheann gach ceann díobh le haghaidh conradh comhchosúil).

Iontráiltear leithreasuithe chun go gcumhdófar leo an caiteachas coibhéiseach i leith taighde faoi mhíreanna éagsúla de na teidil lena mbaineann.

Cumhdaítear leis an leithreasú sin caiteachas a thabhaítear laistigh de chríoch an Aontais, seachas:

— Ionadaíochtaí an Choimisiúin san Aontas,

— toscaireachtaí an Aontais laistigh de chríoch an Aontais.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 4 000 000 | 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'obair le trealamh scáileán taispeána (an cúigiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 156, 21.6.1990, lch. 14).

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 07*** *(Ar lean.)*

20 03 07 02 *(Ar lean.)*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

20 03 07 03 Cosaint foirgneamh — Lucsamburg

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 8 203 000 | 8 203 000 | 8 196 400,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a leanas a thabhaítear laistigh de chríoch an Aontais:

— speansais a bhaineann le slándáil fhisiceach agus ábhartha daoine agus maoine, go háirithe conarthaí chun foirgnimh a chosaint, conarthaí chun suiteálacha slándála a chothabháil, cúrsaí oiliúna agus mionbhaill trealaimh a cheannach (sula ndéantar conarthaí ar mhéid de bhreis ar EUR 300 000 a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, agus d'fhonn caiteachas a réasúnú, ní mór don Coimisiún dul i gcomhairle le hinstitiúidí eile maidir leis na coinníollacha (praghas, an t-airgeadra roghnaithe, innéacsú, fad, clásail eile) a fhaigheann gach ceann díobh le haghaidh conradh comhchosúil),

— costais a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht daoine aonair ag an obair, go háirithe trealamh comhraicthe dóiteáin a cheannach, a fhruiliú agus a chothabháil, ionadú trealaimh le haghaidh picéid dóiteáin, cúrsaí oiliúna agus costais a bhaineann le hiniúchadh reachtúil (sula ndéantar conarthaí ar mhéid de bhreis ar EUR 300 000 a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, agus d'fhonn caiteachas a réasúnú, ní mór don Choimisiún dul i gcomhairle le hinstitiúidí eile maidir leis na coinníollacha (praghas, an t-airgeadra roghnaithe, innéacsú, fad, clásail eile) a fhaigheann gach ceann díobh le haghaidh conradh comhchosúil).

Iontráiltear leithreasuithe chun go gcumhdófar leo an caiteachas coibhéiseach i leith taighde faoi mhíreanna éagsúla de na teidil lena mbaineann.

Cumhdaítear leis an leithreasú sin caiteachas a thabhaítear laistigh de chríoch an Aontais, seachas:

— Ionadaíochtaí an Choimisiúin san Aontas,

— toscaireachtaí an Aontais laistigh de chríoch an Aontais.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 50 000 | 3 2 0 2 |

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 07*** *(Ar lean.)*

20 03 07 03 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'obair le trealamh scáileán taispeána (an cúigiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 156, 21.6.1990, lch. 14).

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

20 03 07 04 Slándáil — An Ghráinseach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 485 000 | 441 000 | 440 977,37 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a leanas arna thabhú ag an oifig um Iniúchtaí agus Anailísiú Sláinte agus Bia sa Ghráinseach:

— speansais a bhaineann le slándáil fhisiceach agus ábhartha daoine agus maoine, go háirithe conarthaí chun foirgnimh a chosaint, conarthaí chun suiteálacha slándála a chothabháil agus mionbhaill trealaimh a cheannach,

— speansais a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht daoine aonair ag an obair, go háirithe trealamh comhraicthe dóiteáin a cheannach, a fhruiliú agus a chothabháil, ionadú trealaimh le haghaidh picéid dóiteáin agus costais a bhaineann le hiniúchadh reachtúil.

20 03 07 05 Slándáil — Ionadaíochtaí an Choimisiúin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 400 000 | 3 500 000 | 2 804 482,37 |

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 07*** *(Ar lean.)*

20 03 07 05 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid a leanas:

— speansais a bhaineann le slándáil daoine agus foirgneamh, a mhéid a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht daoine aonair agus slándáil fhisiceach agus ábhartha daoine agus maoine. Áirítear leis na speansais sin, mar shampla conarthaí chun foirgnimh a chosaint, conarthaí chun suiteálacha slándála a chothabháil agus mionbhaill trealaimh a cheannach, trealamh comhraicthe dóiteáin a cheannach, a fhruiliú agus a chothabháil, ionadú trealaimh le haghaidh picéid dóiteáin agus costais a bhaineann le hiniúchadh reachtúil chomh maith le seisiúin faisnéise arna soláthar don fhoireann maidir le conas an trealamh slándála a úsáid.

Cumhdaítear leis an leithreasú sin caiteachas a thabhaítear laistigh de chríoch an Aontais ag Ionadaíochtaí an Choimisiúin.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 1 600 000 | 3 3 8 |

*Bunús dlí*

Cúraimí maidir le neamhspleáchas riaracháin an Choimisiúin.

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh ón gCoimisiún an 10 Aibreán 2006 lena mbunaítear an Beartas Comhchuibhithe um Shábháilteacht agus Sláinte ag an obair le haghaidh fhoireann uile an Choimisiúin C(2006) 1623.

20 03 07 06 Slándáil — Toscaireachtaí an Aontais

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 5 787 000 | 5 388 500 | 5 865 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid a leanas maidir le foirgnimh nó codanna d'fhoirgnimh le haghaidh cóiríocht oifigeach agus gníomhairí conartha ag a bhfuil poist i dtoscaireachtaí an Aontais:

— maidir le gach foirgneamh nó codanna d'fhoirgnimh le haghaidh oifigigh ag a bhfuil poist lasmuigh den Aontas: gnáthchaiteachas a bhaineann le slándáil daoine agus a dtithíocht,

— le haghaidh na bhfoirgneamh nó codanna d'fhoirgnimh atá ar áitiú ag oifigigh laistigh de chríoch an Aontais: aisíocaíocht caiteachais a bhaineann le slándáil tithíochta.

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

### *20 03 08 Foilseacháin agus faisnéis*

20 03 08 01 Foilseacháin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 485 000 | 465 000 | 499 670,19 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann leis an méid a leanas:

— doiciméid a bhailiú, a anailísiú agus a ullmhú, lena n-áirítear conarthaí údar, agus saorobair,

— bailiú, lena n-áirítear sonraí, doiciméadacht agus cearta úsáide a cheannach,

— eagarthóireacht, lena n-áirítear ionchur sonraí agus bainistíocht, atáirgeadh agus aistriúchán sonraí,

— scaipeadh trí aon mheán, lena n-áirítear priontáil, postáil ar an idirlíon, dáileadh agus stóráil,

— próiseáil chartlann stairiúil an Choimisiúin,

— na téacsanna agus na doiciméid sin a chur chun cinn,

— an costas a bhaineann le páipéar, clúdaigh litreach, soláthairtí oifige agus soláthairtí le haghaidh na siopaí priontála a cheannach, agus le priontáil áirithe a dhéanann soláthraithe seirbhísí seachtracha,

— faisnéis a fhoilsiú i cibé foirm nó ar cibé meán maidir leis an gclárú airgeadais agus buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

Cumhdaítear leis an leithreasú sin caiteachas a thabhaítear laistigh de chríoch an Aontais, seachas Ionadaíochtaí an Choimisiúin san Aontas. Iontráiltear leithreasuithe chun go gcumhdófar leo an caiteachas coibhéiseach i leith taighde faoi mhíreanna éagsúla de na teidil lena mbaineann.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 43 000 | 3 2 0 2 |

20 03 08 02 Acmhainní sonraí, taighde agus faisnéise a fháil chun tacú le ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 824 000 | 2 824 000 | 2 824 000,— |

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 08*** *(Ar lean.)*

20 03 08 02 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdófar leis an leithreasú sin caiteachas chun tacú le ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise ar fud Ard-Stiúrthóireachtaí agus Sheirbhísí an Choimisiúin, agus na gComh-Aireachtaí, lena n-áirítear:

— síntiúis a cheannach le tréimhseacháin speisialaithe agus preas laethúil (i bhformáid leictreonach agus chlóite),

— leabhair agus saothair eile a cheannach i gcóip chrua nó i bhfoirm leictreonach,

— na táillí síntiúis chun rochtain a fháil ar bhunachair sonraí, lena n-áirítear catalógú agus bunachair sonraí dhoiciméadacha, tacair sonraí agus acmhainní comhchosúla eile,

— an oiliúint agus an tacaíocht is gá chun an fhaisnéis sin a rochtain.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 17 000 | 3 2 0 2 |

20 03 08 03 Faisnéis a cheannach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 720 000 | 2 365 000 | 1 356 386,84 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a leanas a thabhaítear laistigh den Aontas:

— costas na síntiús agus na rochtana ar fhoinsí faisnéise ar líne, amhail gníomhaireachtaí preasa, nuacht ar líne, soláthraithe faisnéise agus bunachair sonraí sheachtracha,

— leabhair, doiciméid agus foilseacháin eile nach tréimhseacháin iad a cheannach, imleabhair atá ann faoi láthair a nuashonrú, na costais a bhaineann le ceangal agus trealamh ríomh-shainaitheantais a cheannach,

— caiteachas ar shíntiúis le nuachtáin, tréimhseacháin speisialaithe, irisí oifigiúla, páipéir pharlaiminteacha, staidreamh trádála eachtraí, tuarascálacha gníomhaireachtaí nuachta agus foilseacháin speisialaithe éagsúla eile,

— an costas a bhaineann le síntiúis agus rochtain ar sheirbhísí faisnéise leictreonaí agus bunachair sonraí sheachtracha agus éadáil meán leictreonach,

— an oiliúint agus an tacaíocht is gá chun an fhaisnéis sin a rochtain,

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 08*** *(Ar lean.)*

20 03 08 03 *(Ar lean.)*

— táillí cóipchirt,

— an costas a bhaineann le síntiúis agus rochtain ar sheirbhísí faisnéise leictreonaí agus bunachair sonraí sheachtracha a sholáthraíonn faisnéis airgeadais maidir le sócmhainneacht tairbhithe cistí ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus ó fhéichiúnaithe an Choimisiúin, chun leasanna airgeadais an Choimisiúin ar leibhéil éagsúla nósanna imeachta airgeadais agus cuntasaíochta a chosaint,

— an costas a bhaineann le faisnéis a fháil faoi struchtúr grúpa, úinéireacht agus bainistíocht tairbhithe cistí ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus ó fhéichiúnaithe an Choimisiúin.

Maidir leis an téarmaíocht agus le bunachair sonraí teanga, uirlisí aistriúcháin agus caiteachas doiciméadach agus leabharlainne le haghaidh Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin, Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid a leanas:

— caiteachas ar éadáil, forbairt agus oiriúnú bogearraí, uirlisí bogearraí aistriúcháin agus uirlisí ilteangacha nó áiseanna aistriúcháin eile agus bainistiú faisnéise aistriúcháin, agus éadáil, comhdhlúthú agus síneadh le hábhair bunachar sonraí teanga agus téarmaíochta, tacair sonraí, cuimhní aistriúcháin agus foclóirí aistriúcháin uathoibríocha, go háirithe d'fhonn ilteangachas a láimhseáil ar bhealach níos éifeachtúla agus comhar idirinstitiúideach feabhsaithe,

— caiteachas doiciméadachta agus leabharlainne chun freastal ar riachtanais na n-aistritheoirí, go háirithe:

  — chun leabhair aonteangacha agus síntiúis le nuachtáin agus tréimhseacháin áirithe a sholáthar do leabharlanna,

  — chun dearlaicí aonair a leithdháileadh ar mhaithe le stoc foclóirí agus treoracha teanga le haghaidh aistritheoirí nua a fháil,

  — chun foclóirí, ciclipéidí agus gluaiseanna a fháil i bhfoirm leictreonach nó trí rochtain gréasáin ar bhunachair sonraí dhoiciméadacha,

  — chun an bunstoc de leabharlanna ilteangacha a bhunú agus a choinneáil trí leabhair thagartha/ríomhleabhair a cheannach.

Cumhdaítear leis an leithreasú seo caiteachas a thabhaítear laistigh de chríoch an Aontais.

Iontráiltear leithreasuithe chun go gcumhdófar leo an caiteachas coibhéiseach i leith taighde faoi mhíreanna éagsúla de na teidil lena mbaineann.

20 03 08 04 Ranníocaíocht ón Aontas chun cartlanna stairiúla an Aontais a oibriú

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 743 000 | 1 618 839 | 1 568 140,— |

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 08*** *(Ar lean.)*

20 03 08 04 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas na hInstitiúide Ollscoile Eorpaí a bhaineann le bainistíocht (costais foirne agus oibriúcháin) chartlanna stairiúla an Aontais.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 1 092 134 | 6 6 8 |

*Bunús dlí*

Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83 ón gComhairle an 1 Feabhra 1983 maidir le cartlann stairiúil Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a oscailt don phobal (IO L 43, 15.2.1983, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 359/83/CEGC ón gCoimisiún an 8 Feabhra 1983 maidir le cartlann stairiúil an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach a oscailt don phobal (IO L 43, 15.2.1983, lch. 14).

***20 03 09*** ***Caiteachas dlíthiúil***

20 03 09 01 Comhairleoireacht dhlíthiúil, dlíthíocht agus sáruithe — Costais dlí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 500 000 | 3 500 000 | 1 974 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais réamhdhlíthíochta, dlíthíochta agus idirghabhála, agus seirbhísí dlíodóirí nó saineolaithe eile a ghlaoitear isteach chun comhairle a chur ar an gCoimisiún.

Cumhdaítear leis freisin costais arna ndámhadh ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, nó ag cúirteanna eile in aghaidh an Choimisiúin.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 150 000 | 3 3 8 |

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 09*** *(Ar lean.)*

20 03 09 02 Costais dlí — Ionadaíochtaí an Choimisiúin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 5 000 | 5 000 | 400,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais dlí Ionadaíochtaí an Choimisiúin san Aontas.

*Bunús dlí*

Cúraimí maidir le neamhspleáchas riaracháin an Choimisiúin.

20 03 09 03 Damáistí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 100 000 | 100 000 | 150 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid a leanas:

- damáistí agus an costas a bhaineann le héilimh a shocrú in aghaidh an Choimisiúin (dliteanas tríú páirtí) i dtaca le foireann dhílis agus próisis riaracháin dhílse na hinstitiúide,
- caiteachas a bhaineann le cásanna áirithe inar gá, ar chúiseanna cothromais, cúiteamh a íoc.

20 03 09 04 Iarrataí ar dhamáistí de thoradh imeachtaí dlí in aghaidh chinntí an Choimisiúin i réimse an bheartais iomaíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 1 407 960,15 |

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 09*** *(Ar lean.)*

20 03 09 04 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Chun a áirithiú go bhforfheidhmítear na rialacha iomaíochta maidir le comhaontuithe, cinntí a dhéanann comhlachais na ngnóthas agus cleachtais chomhbheartaithe (Airteagal 101 CFAE), mí-úsáid ceannasachta (Airteagal 102 CFAE), cabhracha a dheonaíonn Stáit (Airteagal 107 agus Airteagal 108 CFAE) agus comhchruinnithe idir gnóthais (Rialachán (CE) Uimh. 139/2004), cumhachtaítear don Choimisiún cinntí a dhéanamh, imscrúduithe a dhéanamh agus pionóis nó ordú gnóthaithe a fhorchur.

Tá cinntí an Choimisiúin faoi réir athbhreithniú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le CFAE.

Mar bheart stuamachta, is iomchuí a chur san áireamh go bhféadfadh impleachtaí buiséadacha a bheith ag eascairt as breitheanna Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar aon chaiteachas a eascraíonn as damáistí a dhámhann Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh d'éilitheoirí agus de thoradh imeachtaí dlí in aghaidh chinntí an Choimisiúin i réimse na hiomaíochta.

Ós rud é nach féidir meastachán réasúnach ar an tionchar airgeadais ar an mbuiséad ginearálta a bhunú roimh ré, tá iontráil mheabhráin ("p.m.") le feiceáil sa mhír seo. Más gá, molfaidh an Coimisiún na leithreasuithe a bhaineann le riachtanais iarbhír a chur ar fáil trí bhíthin aistrithe nó trí dhréachtbhuiséad leasaitheach.

*Bunús dlí*

Airteagal 101 agus Airteagal 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus an reachtaíocht a dhíorthaítear as, go háirithe:

— Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagal 81 agus 82 den Chonradh (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1),

— Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1).

Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus an reachtaíocht a dhíorthaítear as, go háirithe Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 248, 24.9.2015, lch. 9).

***20 03 10*** ***Caiteachas a bhaineann leis an státchiste***

20 03 10 01 Muirir airgeadais

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 400 000 | 400 000 | 369 082,65 |

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 10*** *(Ar lean.)*

20 03 10 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdófar leis an leithreasú seo táillí bainc (coimisiúin, táillí malairte airgeadraí agus caiteachas ilghnéitheach) agus an costas a bhaineann le naisc agus seirbhísí airgeadais (an Cumann um Theileachumarsáid Airgeadais Idirbhainc Dhomhanda (SWIFT) agus a choibhéis).

20 03 10 02 Bainistíocht státchiste

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 917,35 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar coigeartuithe buiséadacha:

— i gcásanna ina gcuirtear éileamh ar ceal go hiomlán nó go páirteach tar éis é a thaifeadadh sna cuntais mar ioncam (go háirithe i gcás fritháireamh in aghaidh fiachais),

— i gcásanna nár aisghabhadh CBL agus i gcás nach bhfuil sé indéanta a thuilleadh an méid a thaifeadadh ar an líne a chumhdaítear sa phríomhchaiteachas,

— le haghaidh aon leas a bhaineann leis na cásanna thuasluaite, i gcás nach féidir é a thaifeadadh ar líne bhuiséid shonrach eile.

Tá an mhír seo beartaithe freisin chun freastal, más gá, ar leithreasú chun aon chaillteanas a eascraíonn as leachtú nó scor gníomhaíochtaí institiúidí airgeadais lena bhfuil cuntais ag an gCoimisiún nó as bainistíocht na sócmhainní airgeadais.

20 03 10 03 Caiteachas géarchéime eisceachtúla

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar aon chaiteachas a thabhaítear le linn géarchéim dhearbhaithe a ghníomhachtaigh plean leanúnachais gnó amháin nó níos mó, agus leis an gcineál agus/nó leis an méid de sin nach rabhthas in ann é a fhógairt ar línte buiséid riaracháin eile an Choimisiúin.

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 10*** *(Ar lean.)*

20 03 10 03 *(Ar lean.)*

Cuirfear Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh ar an eolas faoin gcaiteachas arna thabhú 3 seachtaine ar a dhéanaí i ndiaidh dheireadh na géarchéime.

***20 03 11*** ***Ateangaireacht***

20 03 11 01 Caiteachas ateangaireachta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 14 565 000 | 14 100 000 | 14 083 266,30 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid a leanas:

— luach saothair saor-ateangairí (gníomhairí ateangaireachta comhdhála — ACInna) arna bhfostú ag Ard-Stiúrthóireacht na hAteangaireachta faoi Airteagal 90 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, chun a chur ar chumas Ard-Stiúrthóireacht na hAteangaireachta líon leordhóthanach ateangairí comhdhála a chur ar fáil do na hinstitiúidí lena soláthraítear seirbhísí ateangaireachta ina leith,

— luach saothair lena gcuimsítear, sa bhreis ar tháillí, ranníocaíochtaí le scéim sheanaoise agus coigiltis, agus le hárachas breoiteachta agus timpiste, i dteannta, maidir le hateangairí nach ionann a n-áit shainchónaithe ghairmiúil agus áit an phoist, aisíocaíocht na speansas taistil agus cóiríochta agus íocaíocht na liúntas cothaithe,

— na costais a bhaineann le tástálacha creidiúnaithe ACInna, go háirithe aisíocaíocht na gcostas taistil agus cóiríochta, agus íocaíocht na liúntas cothaithe,

— seirbhísí don Choimisiún a sholáthraíonn ateangairí Pharlaimint na hEorpa (oifigigh, baill foirne shealadacha agus ACInna),

— costais a bhaineann le seirbhísí a sholáthraíonn ateangairí i leith cruinnithe a ullmhú,

— conarthaí maidir le seirbhísí ateangaireachta arna dtabhairt i gcrích ag Ard-Stiúrthóireacht na hAteangaireachta trí thoscaireachtaí an Aontais i leith cruinnithe a eagraíonn an Coimisiún i dtríú tíortha.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 20 784 700 | 3 2 0 2 |

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 11*** *(Ar lean.)*

20 03 11 01 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

Rialacha lena rialaítear ainmníocht agus luach saothair agus coinníollacha airgeadais eile a ghlacann an Coimisiún.

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

*Gníomhartha tagartha*

Treoir inmheánach an Choimisiúin; Conclúid 252/08 an 15 Feabhra 2008 — Comhaontú ar choinníollacha oibre agus an córas airgid le haghaidh gníomhairí ateangaireachta comhdhála (ACInna) arna n-earcú ag institiúidí an Aontais Eorpaigh.

20 03 11 02 Tacaíocht ghairmiúil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 150 000 | 195 000 | 108 183,18 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí a chumasaíonn líon leordhóthanach ateangairí comhdhála cáilithe a earcú, go háirithe maidir le péirí teangacha áirithe, agus chun tacaíocht d'fheabhsú teanga shonrach le haghaidh ateangairí comhdhála a mhaoiniú.

Ar an taobh seachtrach, áirítear air sin, go háirithe, deontais d'ollscoileanna, oiliúint d'oiliúnóirí agus cláir um thacaíocht oideachais, in éineacht le scoláireachtaí do mhic léinn.

Faoin gcomhaontú maidir le coinníollacha oibre de ghníomhairí ateangaireachta comhdhála (ACInna), tá rochtain ag an gcatagóir seo d'ateangairí ar thacaíocht theoranta d'oiliúint teanga (i.e. sparánachtaí do chuairteanna teanga agus dearbháin oiliúna) de réir mar a fhabhraíonn siad do ghníomhairí conartha le haghaidh laethanta ina bhfuil siad ar conradh leis an gCoimisiún.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 195 717 | 3 2 0 2 |

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 11*** *(Ar lean.)*

20 03 11 02 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

*Gníomhartha tagartha*

Treoir inmheánach an Choimisiúin; Conclúid 252/08 an 15 Feabhra 2008 — Comhaontú ar choinníollacha oibre agus an córas airgid le haghaidh gníomhairí ateangaireachta comhdhála (ACInna) arna n-earcú ag institiúidí an Aontais Eorpaigh.

20 03 11 03 Comhar idirinstitiúideach — Ateangaireacht

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 80 000 | 150 000 | 12 008,43 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas an Choimisiúin maidir le gníomhaíochtaí comhair lena mbaineann gné idirinstitiúideach i réimse na dteangacha, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí a eagraítear i gcomhthéacs an Choiste Idirinstitiúidigh um Aistriúchán agus Ateangaireacht.

Áirítear ar na gníomhaíochtaí is féidir a mhaoiniú uirlisí tacaíochta gairmiúla, tionscadail idirinstitiúideacha eile a bhaineann le hateangaireacht, agus gníomhaíochtaí cumarsáide amhail rannpháirtíocht an Choimisiúin in imeachtaí idirnáisiúnta a dhíríonn ar na gairmeacha teanga.

***20 03 12*** ***Eagrú comhdhálacha***

20 03 12 01 Trealamh teicniúil agus seirbhísí le haghaidh seomraí comhdhála an Choimisiúin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 5 000 000 | 5 000 000 | 9 400 000,— |

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 12*** *(Ar lean.)*

20 03 12 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas le haghaidh:

— trealamh atá de dhíth chun seomraí cruinnithe agus comhdhála an Choimisiúin a oibriú,

— seirbhísí teicniúla a bhaineann le hoibriú chruinnithe agus chomhdhálacha an Choimisiúin i limistéar na Bruiséile agus i Lucsamburg. Ó am go chéile, féadfar seirbhísí teicniúla a dhéanamh i mBallstáit eile.

Iontráiltear leithreasuithe chun go gcumhdófar leo an caiteachas coibhéiseach i leith taighde faoi mhíreanna éagsúla in Airteagal 01 agus Airteagal 05 de na teidil lena mbaineann.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a thabhaítear laistigh de chríoch an Aontais.

*Bunús dlí*

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'obair le trealamh scáileán taispeána (an cúigiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 156, 21.6.1990, lch. 14).

20 03 12 02 Caiteachas chun comhdhálacha a eagrú

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas (lena n-áirítear trealamh, seirbhísí agus muirir eile) atá de dhíth chun comhdhálacha agus imeachtaí a eagrú go lárnach, ar comhdhálacha agus imeachtaí iad arna n-eagrú ag Ard-Stiúrthóireacht na hAteangaireachta do rannóga eile sa Choimisiún agus d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais. De ghnáth, tá na costais a thabhaítear le haisghabháil mar ioncaim shannta ó na heintitis sin de réir rialacha is infheidhme agus comhaontuithe sonracha.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a thabhaítear laistigh de chríoch an Aontais agus lasmuigh de.

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

### *20 03 13 Aistriúchán*

20 03 13 01 Caiteachas aistriúcháin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 14 000 000 | 13 000 000 | 17 000 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar aistriúchán seachtrach agus ar sheirbhísí teicniúla agus teanga gaolmhara eile a thugtar do chonraitheoirí seachtracha.

20 03 13 02 Comhar idirinstitiúideach — Aistriúchán

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Té sé beartaithe leis na leithreasuithe go gcumhdófar leo caiteachas ar ghníomhaíochtaí comhair a eagraíonn an Coiste Idirinstitiúideach um Aistriúchán agus Ateangaireacht chun comhar idirinstitiúideach i réimse na dteangacha a chur chun cinn, tá na leithreasuithe sin san áireamh faoi Mhír 20 03 11 03anois.

### *20 03 14 Ranníocaíochtaí éagsúla*

20 03 14 01 Ranníocaíocht Euratom chun Gníomhaireacht Soláthair Euratom a oibriú

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 270 000 | 228 000 | 167 000,— |

*Barúlacha*

Ó tharla go bhfuil caiteachas ar fhoireann, ar fhoirgnimh agus ar chostais eile san áireamh sna leithreasuithe a iontráiltear i gCaibidlí 20 01, 20 02, 20 03 agus 20 04, tá ranníocaíocht an Choimisiúin beartaithe chun caiteachas a thabhaíonn Gníomhaireacht Soláthair Euratom ina gníomhaíochtaí a chumhdach.

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 14*** *(Ar lean.)*

20 03 14 01 *(Ar lean.)*

Ag an 23ú seisiún a bhí aici an 1 agus 2 Feabhra 1960, mhol Comhairle Euratom d'aon toil go ndéanfadh an Coimisiún ní hamháin gearradh an mhuirir a chur siar (muirear a bhí beartaithe chun caiteachas oibríochtúil Ghníomhaireacht Soláthair Euratom a chumhdach) ach tabhairt isteach iarbhír an mhuirir sin a chur siar freisin. Ó shin i leith tá fóirdheontas curtha san áireamh sa bhuiséad chun cothromaíocht a aimsiú idir taobh an ioncaim agus figiúirí caiteachais Ghníomhaireacht Soláthair Euratom a thaispeántar sa ráiteas ar mheastacháin.

*Bunús dlí*

Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 52, Airteagal 53 agus Airteagal 54 de.

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh 2008/114/CE ón gComhairle, Euratom an 12 Feabhra 2008 lena mbunaítear Reachtanna le haghaidh Gníomhaireacht Soláthair Euratom (IO L 41, 15.2.2008, lch. 15), agus go háirithe Airteagal 4, Airteagal 6 agus Airteagal 7 den Iarscríbhinn a ghabhann leis.

20 03 14 72 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde — Ranníocaíocht chun an Clár Taighde de chuid an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach agus cláir nach cláir thaighde iad a chur chun feidhme

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 310 000 | 2 144 000 | 2 094 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais oibriúcháin na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Thaighde a thabhaítear mar thoradh ar tharmligean an Chláir Taighde de chuid an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach agus cur i gcrích na gclár a bhí ann roimhe sin.

Leagtar plean bunaíochta na Gníomhaireachta amach san Iarscríbhinn "Foireann" a ghabhann leis an roinn seo.

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

Cúraimí a eascraíonn as neamhspleáchas riaracháin an Choimisiúin, mar a fhoráiltear in Airteagal 58(2) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 14*** *(Ar lean.)*

20 03 14 72 *(Ar lean.)*

Cúraimí a easraíonn as forálacha dlí r-Rialtais, mar a fhoráiltear in Airteagal 147(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh C(2021) 952 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena dtarmligtear cumhachtaí chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde d'fhonn na cúraimí a fheidhmiú atá nasctha le cláir de chuid an Aontais a chur chun feidhme i réimse an Taighde agus na Nuálaíochta, Taighde ar an gCiste um Ghual agus Cruach agus Bearta um Sholáthar Faisnéise agus Bearta Cur Chun Cinn a bhaineann le Táirgí Talmhaíochta lena gcuimsítear, go háirithe, leithreasuithe a chur chun feidhme arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais.

***20 03 15*** ***Oifigí idirinstitiúideacha***

20 03 15 01 Oifig na bhFoilseachán

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 120 454 000 | 120 111 574 | 112 412 174,— |

*Barúlacha*

Comhfhreagraíonn an méid a iontráiltear leis na leithreasuithe d'Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh a leagtar amach go mionsonraithe san iarscríbhinn shonrach a ghabhann leis an roinn seo.

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 15*** *(Ar lean.)*

20 03 15 01 *(Ar lean.)*

Ar bhonn réamhaisnéisí cuntasaíochta costála Oifig na bhFoilseachán, meastar gur mar a leanas a bheidh costas na seirbhísí a fheidhmeoidh sí maidir le gach institiúid:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Parlaimint na hEorpa | | 11 631 575 | 9,66% |
| Comhairle an Aontais Eorpaigh | | 5 303 158 | 4,40% |
| an Coimisiún Eorpach | | 70 840 127 | 58,81% |
| Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh | | 7 836 232 | 6,51% |
| Cúirt Iniúchóirí na hEorpa | | 1 730 677 | 1,44% |
| Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa | | 742 524 | 0,62% |
| Coiste Eorpach na Réigiún | | 355 744 | 0,30% |
| Gníomhaireachtaí | | 13 048 814 | 10,83% |
| Eile | | 8 965 149 | 7,44% |
| | Iomlán | 120 454 000 | 100,00 % |

Tá sé beartaithe go gcumhdaítear leis an leithreasú seo na costais a iompraíonn Oifig na bhFoilseachán ina cáil mar sholáthraí oifigiúil seirbhísí foilsitheoireachta do na hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí a bhunaítear leis na Conarthaí nó fúthu. Mar sin, is pointe lárnach rochtana é ar dhlí, foilseacháin, sonraí oscailte, torthaí taighde, fógraí soláthair agus ar fhaisnéis oifigiúil eile de chuid an Aontais.

Is é a misean tacaíocht a thabhairt do bheartais institiúidí an Aontais agus a áirithiú go gcuirfear an réimse leathan faisnéise sin ar fáil don phobal mar shonraí inrochtana agus in-athúsáidte chun trédhearcacht, gníomhaíocht eacnamaíoch agus scaipeadh eolais a éascú.

*Bunús dlí*

Cinneadh 2009/496/CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle Eorpach, ón gComhairle, ón gCoimisiún, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iniúchóirí, ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus ó Choiste na Réigiún an 26 Meitheamh 2009, maidir le heagrú agus oibriú Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (IO L 168, 30.6.2009, lch. 41).

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1), agus go háirithe Airteagail 64 go 67 de.

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 15*** *(Ar lean.)*

20 03 15 02 An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 27 719 400 | 27 896 900 | 24 967 698,79 |

*Barúlacha*

Comhfhreagraíonn an méid a iontráiltear leis na leithreasuithe don Oifig Eorpach um Roghnú Foirne a leagtar amach go mionsonraithe san iarscríbhinn shonrach a ghabhann leis an roinn seo.

*Bunús dlí*

Cinneadh 2002/620/CE ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iniúchóirí, ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, ó Choiste na Réigiún agus ón Ombudsman Eorpach an 25 Iúil 2002 lena mbunaítear Oifig um Roghnú Foirne na gComhphobal Eorpach (IO L 197, 26.7.2002, lch. 53).

Cinneadh 2005/119/CE ó Ard-Rúnaithe Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iniúchóirí, ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus ó Choiste na Réigiún agus ó Ionadaí an Ombudsman Eorpaigh an 26 Eanáir 2005, maidir le heagrú agus oibriú na Scoile Riaracháin Eorpaí (IO L 37, 10.2.2005, lch. 17).

***20 03 16*** ***Oifigí riaracháin***

20 03 16 01 An Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 54 133 100 | 51 093 899 | 46 878 997,— |

*Barúlacha*

Comhfhreagraíonn an méid a iontráiltear leis na leithreasuithe don Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla (PMO) a leagtar amach go mionsonraithe san iarscríbhinn shonrach a ghabhann leis an roinn seo.

I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1), iontráiltear leithreasuithe do Choiste Maoirseachta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise, dá bhaill foirne agus dá rúnaíocht i mbuiséad agus i bplean bunaíochta PMO.

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 16*** *(Ar lean.)*

20 03 16 01 *(Ar lean.)*

Ar mhaithe le trédhearcacht, is féidir na hacmhainní arna gcur ar fáil do rúnaíocht Choiste Maoirseachta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) i mbuiséad PMO a shainaithint. Bunaithe ar rúnaíocht ina mbeadh seacht bpost bhuana agus leithdháileadh le haghaidh ball foirne amháin ar conradh, is tuairim is EUR 1 000 000 a bheadh sna leithreasuithe chun rúnaíocht Choiste Maoirseachta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise a oibriú. Cumhdaítear leis an méid sin caiteachas ar chostais foirne, oiliúint, misin, cruinnithe inmheánacha, foirgnimh agus TF.

An caiteachas a bheidh mar thoradh ar shainordú chomhaltaí Choiste Maoirseachta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise, cumhdófar é le leithreasuithe EUR 200 000 in Airteagal 20 03 18.

*Bunús dlí*

Cinneadh 2003/522/CE ón gComhairle an 6 Samhain 2002 lena mbunaítear Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla (IO L 183, 22.7.2003, lch. 30).

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1), agus go háirithe Airteagail 64 go 67 de.

20 03 16 02 An Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht — An Bhruiséil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 94 671 493 | 90 037 293 | 86 221 493,— |

*Barúlacha*

Comhfhreagraíonn an méid a iontráiltear leis na leithreasuithe don Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil a leagtar amach go mionsonraithe san iarscríbhinn shonrach a ghabhann leis an roinn seo.

*Bunús dlí*

Cinneadh 2003/523/CE ón gComhairle an 6 Samhain 2002 lena mbunaítear an Oifig um bonneagar agus lóistíocht sa Bhruiséil (IO L 183, 22.7.2003, lch. 35).

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1), agus go háirithe Airteagail 64 go 67 de.

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 16*** *(Ar lean.)*

20 03 16 03 An Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht — Lucsamburg

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 31 733 200 | 29 079 104 | 28 459 415,10 |

*Barúlacha*

Comhfhreagraíonn an méid a iontráiltear leis na leithreasuithe don Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht i Lucsamburg a leagtar amach go mionsonraithe san iarscríbhinn shonrach a ghabhann leis an roinn seo.

*Bunús dlí*

Cinneadh 2003/524/CE ón gCoimisiún an 6 Samhain 2002 lena mbunaítear an Oifig um bonneagar agus lóistíocht i Lucsamburg (IO L 183, 22.7.2003, lch. 40).

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1), agus go háirithe Airteagail 64 go 67 de.

***20 03 17*** ***An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 67 177 650 | 63 542 650 | 60 578 982,78 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), lena n-áirítear maidir le baill foirne OLAF atá ag obair le toscaireachtaí san Aontas a bhfuil mar chuspóir acu calaois a chomhrac laistigh de chreat idirinstitiúideach. Leagtar na leithreasuithe amach go mionsonraithe san iarscríbhinn shonrach a ghabhann leis an roinn seo.

*Bunús dlí*

Cinneadh 1999/352/CE ón gComhairle, CEGC, Euratom an 28 Aibreán 1999 lena mbunaítear an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), (IO L 136, 31.5.1999, lch. 20), agus go háirithe Airteagal 4 agus Airteagal 6(3) de.

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 17*** *(Ar lean.)*

Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***20 03 18*** ***Caiteachas mar thoradh ar an sainordú ó Choiste Maoirseachta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise.***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 200 000 | 200 000 | 200 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas uile mar thoradh ar an sainordú ó chomhaltaí Choiste Maoirseachta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF), eadhon:

— liúntais a dheonaítear do chomhaltaí an Choiste Maoirseachta as an am a caitheadh ar a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, chomh maith lena speansais taistil agus a gcostais choimhdeacha,

— costais a thabhaíonn comhaltaí an Choiste Maoirseachta a rinne ionadaíocht oifigiúil ar an gCoiste Maoirseachta,

— an caiteachas oibriúcháin uile, amhail an costas a bhaineann le trealamh, stáiseanóireacht agus soláthairtí oifige a cheannach agus caiteachas a eascraíonn as cumarsáid agus teileachumarsáid (táillí poist, táillí teileafóin, facs agus teileagraif), caiteachas doiciméadachta agus leabharlainne, leabhair agus síntiúis le meáin fhaisnéise a cheannach,

— speansais taistil, chothaithe agus theagmhasacha saineolaithe a fuair cuireadh ó chomhaltaí an Choiste Maoirseachta chun páirt a ghlacadh i ngrúpaí staidéir agus meithleacha, agus an costas a bhaineann leis na cruinnithe sin a eagrú i gcás nach gcumhdaítear iad leis an mbonneagar atá ann cheana (i gceanncheathrú na n-institiúidí nó sna hoifigí seachtracha),

— caiteachas ar staidéir speisialaithe agus comhairliúcháin a chuirtear amach ar conradh do shaineolaithe ardcháilithe (daoine aonair nó gnólachtaí) i gcás nach bhfuil comhaltaí an Choiste Maoirseachta in ann na staidéir sin a thabhairt d'fhoireann oiriúnach OLAF.

**CAIBIDIL 20 03 — CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

***20 03 18*** *(Ar lean.)*

Anuas air sin, ar mhaithe le trédhearcacht, is féidir na hacmhainní arna gcur ar fáil do rúnaíocht an Choiste Maoirseachta i mbuiséad PMO (Mír 20 03 16 01) a shainaithint. Bunaithe ar rúnaíocht ina mbeadh seacht bpost bhuana agus leithdháileadh le haghaidh ball foirne amháin ar conradh, is tuairim is EUR 1 000 000 a bheadh sna leithreasuithe chun rúnaíocht an Choiste Maoirseachta a oibriú. Cumhdaítear leis an méid sin caiteachas ar chostais foirne, oiliúint, misin, cruinnithe inmheánacha, foirgnimh agus TF.

*Bunús dlí*

Cinneadh 1999/352/CE, CEGC, Euratom ón gCoimisiún an 28 Aibreán 1999 lena mbunaítear an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), (IO L 136, 31.5.1999, lch. 20), agus go háirithe Airteagal 4 agus Airteagal 6(3) de.

Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

**CAIBIDIL 20 04 — CAITEACHAS A BHAINEANN LE TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CHUMARSÁIDE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 04 | CAITEACHAS A BHAINEANN LE TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CHUMARSÁIDE | | | | | |
| **20 04 01** | ***Córais faisnéise*** | 7.2 | 85 879 197 | 81 261 748 | 77 221 733,53 | 89,92 |
| **20 04 02** | ***Ionad oibre digiteach*** | 7.2 | 38 336 947 | 38 574 164 | 35 855 940,75 | 93,53 |
| **20 04 03** | ***Lárionad Sonraí agus seirbhísí líonraithe*** | 7.2 | 104 885 804 | 107 708 085 | 96 167 589,39 | 91,69 |
| **20 04 04** | ***an tSeirbhís Cibearshlándála le haghaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais (CERT-EU)*** | 7.2 | 7 764 946 | 5 258 307 | 1 999 754,70 | 25,75 |
| | **Caibidil 20 04 — IOMLÁN** | | **236 866 894** | **232 802 304** | **211 245 018,37** | **89,18** |

## 20 04 01 *Córais faisnéise*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 85 879 197 | 81 261 748 | 77 221 733,53 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais a bhaineann le córais faisnéise (i.e. feidhmchláir) sa Choimisiún. Áirítear ina raon feidhme costas na mbogearraí gnó agus na costais a bhaineann le feidhmchláir a fhorbairt, a bhainistiú agus a reáchtáil le haghaidh an Choimisiúin. Cumhdaítear leis go háirithe:

— forbairt córas faisnéise: acmhainní a bhaineann leis na seirbhísí pacáistíochta anailíse, dearaidh, forbartha, cóid, tástála agus scaoilte atá bainteach le tionscadail forbartha feidhmchlár,

— tacaíocht agus cothabháil le haghaidh córais faisnéise: na hoibríochtaí, an tacaíocht, an réiteach agus na mionfheabhsuithe atá bainteach le feidhmchláir atá ann cheana,

— éadáil bogearraí gnó: caiteachais bogearraí, lena n-áirítear ceadúnú, cothabháil agus tacaíocht a bhaineann le ceannacháin bogearraí réamhdhéanta,

— bainistíocht na gcóras faisnéise: costais i ndáil le bainistíocht, riar agus pleanáil TF, lena n-áirítear caiteachas ar chúnamh maidir le bainistíocht feidhmiúcháin, bainistíocht straitéiseach, ailtireacht fiontair, maoiniú TF agus bainistíocht díoltóirí.

Cumhdaítear leis an leithreasú seo caiteachas a thabhaítear laistigh de chríoch an Aontais, gan láithreáin an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde san áireamh, a n-iontráiltear caiteachas ina leith sna teidil lena mbaineann. Iontráiltear caiteachas comhchosúil a thabhaítear lasmuigh den Aontas sna teidil lena mbaineann.

**20 04 01** *(Ar lean.)*

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Tíortha eile | 5 957 000 | 6 0 1 0, 6 0 3 2, 6 0 3 3, 6 5 0 0, 6 5 2 0, 3 2 0 2 |
| Ioncam sannta eile | 15 352 253 | 6 0 1 0, 6 0 3 2, 6 0 3 3, 6 5 0 0, 6 5 2 0, 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise a úsáideann an Coimisiún Eorpach (IO L 6, 11.1.2017, lch. 40).

Cinneadh (AE, Euratom) 2018/559 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2018 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh Airteagal 6 de Chinneadh (AE, Euratom) 2017/46 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise a úsáideann an Coimisiún Eorpach (IO L 93, 11.4.2018, lch. 4).

Cúraimí a eascraíonn as sainphribhléidí an Choimisiúin ar an leibhéal institiúideach, mar a fhoráiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**20 04 02** ***Ionad oibre digiteach***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 38 336 947 | 38 574 164 | 35 855 940,75 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gairis ríomhaireachta úsáideoirí deiridh agus tacaíocht le haghaidh úsáideoirí deiridh. Áirítear ina raon feidhme costais chun gairis ríomhaireachta úsáideoirí deiridh a cheannach, a thógáil, a bhainistiú agus a reáchtáil, agus tacaíocht láraithe a sheachadadh ar úsáideoirí deiridh sa Choimisiún. Cumhdaítear leis go háirithe:

— bonneagar ríomhaireachta pearsanta: deasca fisiceacha ríomhaireachta cliant, ríomhairí glúine iniompartha, meaisíní caolchliaint, forimeallaithe (lena n-áirítear monatóirí, gairis phointeora agus printéirí pearsanta ceangailte) a úsáideann daoine aonair chun obair a dhéanamh,

— gairis shoghluaiste: táibléid ríomhaireachta cliant, fóin chliste agus aipeanna a úsáideann daoine aonair chun obair a dhéanamh,

— bogearraí úsáideoirí deiridh: bogearraí a bhaineann le cliaint a úsáidtear chun doiciméid agus inneachar eile a scríobh, a chruthú, a chomhoibriú agus a chomhroinn, amhail ríomhphoist, cumarsáid, teachtaireachtaí, próiseáil focal, scarbhileoga, cuir i láthair, foilsitheoireacht deisce agus grafaicí,

**CAIBIDIL 20 04 — CAITEACHAS A BHAINEANN LE TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CHUMARSÁIDE** *(Ar lean.)*

***20 04 02*** *(Ar lean.)*

— printéirí líonra: amhail printéirí pearsanta nasctha le líonra, scairdphrintéirí, printéirí léasair, printéirí roinne nó cóipsheomra,

— comhdháil agus closchomhdháil/físchomhdháil: trealamh closchomhdhála agus físchomhdhála a úsáidtear go hiondúil i seomraí comhdhála agus seomraí teilealáithreachta tiomnaithe chun cumarsáid lucht saothair a chumasú,

— Deasc chabhrach TF: acmhainní deisce cabhrach Leibhéal 1 láraithe a láimhseálann iarrataí ó úsáideoirí, a fhreagraíonn ceisteanna agus a réitíonn saincheisteanna,

— tacaíocht deisce: acmhainní tacaíochta áitiúla a sholáthraíonn tacaíocht ar an láthair le haghaidh aistrithe, suimithe, athruithe agus réiteach saincheisteanna praiticiúil.

Cumhdaítear leis an leithreasú seo caiteachas a thabhaítear laistigh de chríoch an Aontais, gan láithreáin an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde san áireamh, a n-iontráiltear caiteachas ina leith sna teidil lena mbaineann. Iontráiltear caiteachas comhchosúil a thabhaítear lasmuigh den Aontas sna teidil lena mbaineann.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 7 775 188 | 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise a úsáideann an Coimisiún Eorpach (IO L 6, 11.1.2017, lch. 40).

Cinneadh (AE, Euratom) 2018/559 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2018 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh Airteagal 6 de Chinneadh (AE, Euratom) 2017/46 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise a úsáideann an Coimisiún Eorpach (IO L 93, 11.4.2018, lch. 4).

Cúram a eascraíonn as sainphribhléidí an Choimisiúin ar an leibhéal institiúideach, mar a fhoráiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.)

***20 04 03*** ***Lárionad Sonraí agus seirbhísí líonraithe***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 104 885 804 | 107 708 085 | 96 167 589,39 |

**CAIBIDIL 20 04 — CAITEACHAS A BHAINEANN LE TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CHUMARSÁIDE** *(Ar lean.)*

***20 04 03*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais a bhaineann le saoráidí Lárionaid Sonraí agus seirbhísí cumarsáide, chomh maith le costais a bhaineann le slándáil agus comhlíontacht TF. Cumhdaítear leis go háirithe:

— Saoráidí Lárionaid Sonraí: saoráidí lárionaid sonraí saintógtha ina bhfuil trealamh criticiúil TF agus ina gcosnaítear an méid sin lena n-áirítear an spás, an chumhacht, na rialuithe comhshaoil, na racaí, an cáblú agus tacaíocht "lámh chliste", áirítear leis sin saoráidí eile mar sheomraí ríomhairí agus clóiséid ina bhfuil trealamh TF i gceanncheathrú corparáideach, lárionaid glaonna nó foirgnimh oifige ilfhóinteacha eile;

— ríomhaireacht ar an láthair agus néalbhunaithe, lena n-áirítear:

  — freastalaithe: freastalaithe fisiceacha agus fíorúla a ritear ar chórais oibriúcháin éagsúla, lena n-áirítear crua-earraí, bogearraí agus seirbhísí tacaíochta;

  — bonneagar comhtháite: fearais saintógtha a sholáthraíonn cumais ríomhaireachta, stórála agus líonra i mbosca amháin;

  — mór-ríomhaire: mór-ríomhairí agus oibríochtaí traidisiúnta a ritheann córais oibriúcháin oidhreachta;

— stóráil ar an láthair agus néalbhunaithe: soláthraítear stóráil sonraí láraithe inti agus sealbhaítear faisnéis agus sonraí inti atá le haisghabháil níos déanaí. Féadfar sonraí a choinneáil i stóráil le haghaidh feidhmchláir agus cóid, bunachair sonraí, comhaid, meán, ríomhphoist agus foirmeacha eile faisnéise. Áirítear léi trealamh agus bogearraí le haghaidh stóráil ar líne (le haghaidh an bhonneagair ríomhaireachta dháilte) agus stóráil as líne (le haghaidh cartlann, cúltaca agus athshlánú chun tacú le caillteanas sonraí, truailliú sonraí, athshlánú ó thubaistí agus ceanglais chomhlíontachta);

— líonra: sonraí agus trealamh gutha i dteannta na modhanna iompair chun córais agus daoine a nascadh agus chun a chumasú do dhaoine comhrá a dhéanamh le chéile, lena n-áirítear:

  — LAN/WAN: líonra achair logánta fisiceach agus gan sreang a nascann trealamh laistigh de na lárionaid bunsonraí agus a nascann úsáideoirí deiridh i limistéir oibre oifige le líonraí níos leithne na heagraíochta, agus trealamh agus seirbhísí tacaíochta líonra achair fhairsing a nascann lárionaid sonraí, oifigí agus tríú páirtithe go díreach,

  — guth: acmhainní gutha a chumasaíonn nó a dháileann seirbhísí gutha trí threalamh ar áitreabh lena n-áirítear PBX, VoIP, glórphost agus sásanna láimhe,

  — iompar: ciorcaid líonra sonraí agus saoráidí agus seirbhísí rochtana gaolmhara, lena n-áirítear líonraí sonraí tiomnaithe agus fíorúla agus rochtain idirlín, chomh maith le húsáid atá bainteach le soghluaisteacht agus trasdul sonraí eile bunaithe ar bhilleáil úsáide agus ciorcaid líonra gutha agus saoráidí agus seirbhísí rochtana gaolmhara, agus úsáid atá bainteach le gnáthghlaonna teileafóin. Féadfar teicneolaíochtaí trastíre agus neamh-thrastíre (mar shampla satailíte) a áireamh in iompar gutha agus sonraí,

— ardán: costais atá bainteach le bunachair sonraí dháilte agus bunachair sonraí mór-ríomhaire agus córais meánearraí, lena n-áirítear bogearraí agus uirlisí bainistíochta bunachar sonraí, agus seirbhísí seachtracha,

— seachadadh: costais a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar oibríochtaí TF, le tacaíocht a thabhairt dóibh, le bainistíocht a dhéanamh orthu agus lena rith, lena n-áirítear:

  — bainistíocht seirbhíse TF: acmhainní a bhaineann leis an teagmhas, leis an bhfadhb agus leis na gníomhaíochtaí bainistithe athruithe mar chuid de phróiseas bainistíochta na seirbhíse TF (gan deasc chabhrach Leibhéal 1 a áireamh),

**CAIBIDIL 20 04 — CAITEACHAS A BHAINEANN LE TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CHUMARSÁIDE** *(Ar lean.)*

***20 04 03*** *(Ar lean.)*

- — bainistíocht ríomhchlár, táirgí agus tionscadal: acmhainní a bhaineann le tionscadail TF a bhainistiú agus tacú leo agus/nó táirgí a fhorbairt go leanúnach ar fud tionscnaimh ghnó agus tionscnaimh atá dírithe ar TF,
- — bainistíocht cliant: acmhainní nó "bainisteoirí cuntais" atá ailínithe leis na línte gnó chun riachtanais ghnó a thuiscint, táirgí agus seirbhísí TF agus stádas tionscadal TF a chur in iúl,
- — lárionad oibríochtaí: acmhainní lárionaid oibríochtaí TF láraithe lena n-áirítear faireachán agus idirghabháil, amhail lárionad oibríochtaí líonra (LOL), lárionad oibríochtaí domhanda (LOD),

— slándáil, comhlíontacht, athshlánú ó thubaistí: costais a bhaineann leis an tslándáil, leis an gcomhlíontacht agus leis an ullmhacht athshlánaithe ó thubaistí a shainiú, a bhunú, a fhorfheidhmiú agus a thomhas, lena n-áirítear:

- — slándáil: beartas a leagan síos maidir le hacmhainní slándála TF agus cibearshlándála, próiseas agus modhanna a leagan síos, comhlíontacht a thomhas agus freagairt ar sháruithe slándála agus slándáil oibríochtúil fíor-ama a sholáthar amhail scanadh leochaileachta, bainistiú ballaí dóiteáin, córais coiscthe ionraidh, agus faisnéis slándála agus bainistíocht imeachtaí,
- — comhlíontacht; beartas a leagan síos maidir le hacmhainní comhlíontachta TF, rialuithe a bhunú agus comhlíontacht le ceanglais dhlíthiúla agus chomhlíontachta ábhartha a thomhas,
- — athshlánú ó thubaistí: beartas athshlánaithe ó thubaistí a leagan síos maidir le hacmhainní athshlánaithe ó thubaistí TF, próiseas agus modhanna a bhunú, saoráidí teipaistrithe tiomnaithe, tástáil athshlánaithe ó thubaistí a dhéanamh,

— bonneagar bainistíochta TF (lena n-áirítear lóistíocht): costais i ndáil le bonneagar TF a bhainistiú, a riar agus a phleanáil, lena n-áirítear caiteachas ar chúnamh maidir le bainistíocht feidhmiúcháin, bainistíocht straitéiseach, ailtireacht fiontair, maoiniú TF agus bainistíocht díoltóirí.

Cumhdaítear leis an leithreasú seo caiteachas a thabhaítear laistigh de chríoch an Aontais, gan láithreáin an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde san áireamh, a n-iontráiltear caiteachas ina leith sna teidil lena mbaineann. Iontráiltear caiteachas comhchosúil a thabhaítear lasmuigh den Aontas sna teidil lena mbaineann.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 32 529 316 | 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise a úsáideann an Coimisiún Eorpach (IO L 6, 11.1.2017, lch. 40).

Cinneadh (AE, Euratom) 2018/559 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2018 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh Airteagal 6 de Chinneadh (AE, Euratom) 2017/46 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise a úsáideann an Coimisiún Eorpach (IO L 93, 11.4.2018, lch. 4).

**CAIBIDIL 20 04 — CAITEACHAS A BHAINEANN LE TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CHUMARSÁIDE** *(Ar lean.)*

***20 04 03*** *(Ar lean.)*

Cúraimí a eascraíonn as sainphribhléidí an Choimisiúin ar an leibhéal institiúideach, mar a fhoráiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***20 04 04*** ***an tSeirbhís Cibearshlándála le haghaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais (CERT-EU)***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 7 764 946 | 5 258 307 | 1 999 754,70 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais a bhaineann leis an Seirbhís Cibearshlándála le haghaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais (CERT-EU) a bhfuil de mhisean aici rannchuidiú le slándáil an bhonneagair TF de chuid gach comh-chomhlachta trí chabhrú leo cibirionsaithe a chosc, a bhrath, a mhaolú agus freagra a thabhairt orthu, agus trí fheidhmiú mar an mol comhordúcháin le haghaidh malartú faisnéise cibearshlándála agus le haghaidh freagairt ar theagmhais. Tá CERT-EU ceangailte as rannóg TF an Choimisiúin mar thascfhórsa. Cumhdaítear leis an leithreasú seo go háirithe:

— Cosc: na costais a bhaineann le faisnéis faoi leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le seirbhísí gréasáin dírithe ar an idirlíon a bhailiú, a mheasúnú agus a dháileadh, rabhaidh faoi shaincheisteanna slándála féideartha a eisiúint, comhairle inghníomhaithe agus doiciméadacht faoi rialuithe slándála a sholáthar, measúnuithe aibíochta a dhéanamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar chumais.

— Fóiréinsic Dhigiteach agus Dearbhú maidir le Freagairt ar Theagmhais agus na Meáin Shóisialta: na costais a bhaineann le tacaíocht maidir le teagmhais, fóiréinsic dhigiteach, anailís déantán agus rochtain ar uirlisí anailíseacha a sholáthar.

— Intleacht Chibearbhagartha agus Faisnéis Leochaileachta: costais chun lárionad um chomhleá intleachta bagartha a chothabháil agus chun foláirimh agus tuarascálacha maidir le bagairtí a eisiúint, táscairí comhréitigh agus rialacha braite a scaipeadh ar líonraí braiteoirí braite ionraidh agus córais chomhghaoil agus bainistíochta loga, agus rianú a dhéanamh ar na príomhghníomhaithe bagartha a dhíríonn ar institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid an Aontais.

— Faireachán: na costais a bhaineann le córais anailísíochta loga, braiteoirí braite ionraidh agus uirlisí dearbhaithe na meán sóisialta a úsáid, a chothabháil agus faireachán a dhéanamh orthu.

— Slándáil Ionsaitheach: na costais a bhaineann le scanadh a dhéanamh ar líonraí seachtracha, chomh maith le tástáil ar shlándáil feidhmchlár gréasáin, measúnuithe leochaileachta uathoibrithe, tástálacha treáite, cleachtaí foirne deirge, cleachtaí fioscaireachta agus cleachtaí fioscaireachta spriocdhírithe.

— Uathoibriú: na costais a bhaineann le go leor de na gníomhaíochtaí thuasluaite a uathoibriú agus a chomhtháthú, agus chun rochtain a sholáthar ar thairseach ina bhfuil uirlisí pleanála, leabharlann slándála agus torthaí ar oibríochtaí ann.

**CAIBIDIL 20 04 — CAITEACHAS A BHAINEANN LE TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CHUMARSÁIDE** *(Ar lean.)*

***20 04 04*** *(Ar lean.)*

— Oiliúint Speisialaithe Slándála: na costais a thabhaítear nuair a ghníomhaíonn CERT-EU mar sholáthraí seirbhíse chun oiliúint speisialaithe slándála a eagrú d'fhoireann institiúidí institiúidí de chuid an Aontais seachas an Coimisiún.

Cumhdaítear leis an leithreasú seo caiteachas a thabhaítear laistigh de chríoch an Aontais, gan láithreáin an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde san áireamh, a n-iontráiltear caiteachas ina leith sna teidil lena mbaineann. Iontráiltear caiteachas comhchosúil a thabhaítear lasmuigh den Aontas sna teidil lena mbaineann.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 6 285 054 | 3 2 0 2, 6 0 1 0, 6 0 3 2, 6 0 3 3, 6 5 0 0, 6 5 2 0 |

*Bunús dlí*

Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise a úsáideann an Coimisiún Eorpach (IO L 6, 11.1.2017, lch. 40).

Socrú Idirinstitiúideach an 20 Nollaig 2017 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún Eorpach, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Banc Ceannais Eorpach, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Coiste Eorpach na Réigiún agus an Banc Eorpach Infheistíochta maidir le foireann phráinnfhreagartha ríomhaire d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais (CERT-EU) a eagrú agus a oibriú (IO C 12, 13.1.2018, lch. 1).

Cinneadh (AE, Euratom) 2018/559 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2018 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh Airteagal 6 de Chinneadh (AE, Euratom) 2017/46 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise a úsáideann an Coimisiún Eorpach (IO L 93, 11.4.2018, lch. 4).

Cúraimí a eascraíonn as sainphribhléidí an Choimisiúin ar an leibhéal institiúideach, mar a fhoráiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Rialachán (AE, Euratom) 2023/2841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais (OJ L, 2023/2841, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2841/oj).

**CAIBIDIL 20 10 — GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 10 | GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE | | | | | |
| ***20 10 01*** | ***Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh*** | 7.2 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Caibidil 20 10 — IOMLÁN** | | **p.m.** | **p.m.** | **0,—** | |

### *20 10 01 Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas foirne agus riaracháin (Teideal 1 agus Teideal 2), agus caiteachas oibríochtúil (Teideal 3) Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh.

Is éard atá in acmhainní buiséadacha an Ionaid Aistriúcháin, ranníocaíochtaí airgeadais ó na gníomhaireachtaí a ndéanann sé obair dóibh agus ó na hinstitiúidí agus comhlachtaí lena gcomhoibríonn sé, gan dochar d’ioncam eile.

Na méideanna a aisíoctar i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an gcreatrialachán airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1), is éard atá iontu ioncam sannta (Airteagal 21(3), pointe (b), den Rialachán Airgeadais) atá le gearradh ar Mhír 6 6 0 0 den ráiteas ginearálta ioncaim.

Leagtar amach plean bunaíochta an Ionaid Aistriúcháin san Iarscríbhinn “Foireann” a ghabhann leis an roinn seo.

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 2965/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 lena mbunaítear Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (IO L 314, 7.12.1994, lch. 1).

*Gníomhartha tagartha*

Dearbhú ón gcruinniú d’ionadaithe Rialtais na mBallstát sa Bhruiséil an 29 Deireadh Fómhair 1993 ar leibhéal Ceann Stáit nó Rialtais.

**CAIBIDIL 20 20 — TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | % Íocaíochtaí 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 20 20 | TREOIRTHIONSCADAIL, GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, SAINPHRIBHLÉIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE | | | | | | | | |
| **20 20 02** | ***Gníomhaíochtaí ullmhúcháin*** | 7.2 | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 75 416,85 | |
| | **Caibidil 20 20 — IOMLÁN** | | **p.m.** | **p.m.** | **p.m.** | **p.m.** | **0,—** | **75 416,85** | |

### *20 20 02 Gníomhaíochtaí ullmhúcháin*

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 75 416,85 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go maoineofar leis an leithreasú seo cur chun feidhme gníomhaíochtaí ullmhúcháin i réimsí feidhme CFAE agus Chonradh Euratom, arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn gníomhaíochtaí a ghlacadh sa todhchaí.

Leagtar amach an liosta réamhbheart seo in Iarscríbhinn "Treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin" a ghabhann leis an roinn seo, faoi Chaibidil PA 20.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

*TEIDEAL 21*

**SCOILEANNA EORPACHA AGUS PINSIN**

# TEIDEAL 21

# SCOILEANNA EORPACHA AGUS PINSIN

### Achoimre ghinearálta ar leithreasuithe (2024 agus 2023) agus ar an olltoradh (2022)

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| 21 01 | PINSIN | 2 565 464 000 | 2 391 095 000 | 2 202 828 000,— |
| 21 02 | SCOILEANNA EORPACHA | 246 057 330 | 233 168 126 | 215 475 653,20 |
| | **Teideal 21 — IOMLÁN** | **2 811 521 330** | **2 624 263 126** | **2 418 303 653,20** |

# TEIDEAL 21

# SCOILEANNA EORPACHA AGUS PINSIN

**CAIBIDIL 21 01 — PINSIN**

| Teideal Caibidil Airteagal Mír | Ceannteideal | FF | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | % 2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 21 01 | PINSIN | | | | | |
| ***21 01 01*** | ***Pinsin agus liúntais*** | 7.1 | 2 515 034 000 | 2 344 846 000 | 2 162 362 000,— | 85,98 |
| ***21 01 02*** | ***Pinsin iar-Chomhaltaí — Institiúidí*** | | | | | |
| 21 01 02 01 | Pinsin iar-Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa | 7.1 | 14 762 000 | 14 074 000 | 12 414 000,— | 84,09 |
| 21 01 02 02 | Pinsin iar-Uachtaráin na Comhairle Eorpaí agus iar-Ardrúnaithe Chomhairle an Aontais Eorpaigh | 7.1 | 912 000 | 736 000 | 730 000,— | 80,04 |
| 21 01 02 03 | Pinsin iar-Chomhaltaí an Choimisiúin | 7.1 | 9 913 000 | 8 637 000 | 7 634 000,— | 77,01 |
| 21 01 02 04 | Pinsin iar-Chomhaltaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh | 7.1 | 17 020 000 | 15 665 000 | 13 421 000,— | 78,85 |
| 21 01 02 05 | Pinsin iar-Chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí | 7.1 | 7 176 000 | 6 512 000 | 5 664 000,— | 78,93 |
| 21 01 02 06 | Pinsin na n-iar-Ombudsman Eorpach | 7.1 | 295 000 | 283 000 | 276 000,— | 93,56 |
| 21 01 02 07 | Pinsin iar-Mhaoirseoirí Eorpacha ar Chosaint Sonraí | 7.1 | 352 000 | 342 000 | 327 000,— | 92,90 |
| | *Airteagal 21 01 02 — Fo-iomlán* | | 50 430 000 | 46 249 000 | 40 466 000,— | 80,24 |
| | **Caibidil 21 01 — IOMLÁN** | | **2 565 464 000** | **2 391 095 000** | **2 202 828 000,—** | **85,86** |

***21 01 01 Pinsin agus liúntais***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 515 034 000 | 2 344 846 000 | 2 162 362 000,— |

**CAIBIDIL 21 01 — PINSIN** *(Ar lean.)*

***21 01 01*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar:

— pinsin scoir oifigigh, fhoireann shealadach agus chonarthach institiúidí agus ghníomhaireachtaí uile an Aontais, lena n-áirítear iad sin a íoctar as leithreasuithe taighde agus forbartha teicneolaíche,

— pinsin easláine oifigigh, fhoireann shealadach agus chonarthach institiúidí agus ghníomhaireachtaí uile an Aontais, lena n-áirítear iad sin a íoctar as leithreasuithe taighde agus forbartha teicneolaíche,

— liúntais easláine oifigigh, fhoireann shealadach agus chonarthach institiúidí agus ghníomhaireachtaí uile an Aontais, lena n-áirítear iad sin a íoctar as leithreasuithe taighde agus forbartha teicneolaíche,

— pinsin marthanóirí do chéilí agus do dhílleachtaí marthanacha iaroifigigh, iarfhoireann shealadach agus chonarthach institiúidí agus ghníomhaireachtaí uile an Aontais, lena n-áirítear iad sin a íoctar as leithreasuithe taighde agus forbartha teicneolaíche,

— deontais téarfa oifigigh, fhoireann shealadach agus chonarthach institiúidí agus ghníomhaireachtaí uile an Aontais, lena n-áirítear iad sin a íoctar as leithreasuithe taighde agus forbartha teicneolaíche,

— íocaíochtaí choibhéis achtúireach na bpinsean scoir,

— íocaíochtaí (bónas pinsin) le hiar-chomhaltaí na Frithbheartaíochta (nó lena gcéilí agus lena ndílleachtaí marthanacha) a díbríodh nó a imtheorannaíodh,

— íocaíochtaí cabhrach airgeadais le céile marthanach ag a bhfuil tinneas tromchúiseach nó fadtréimhseach nó atá faoi mhíchumas, fad is a mhaireann an tinneas nó an míchumas, ar bhonn scrúdú ar imthosca sóisialta agus leighis an duine lena mbaineann,

— ranníocaíocht an fhostóra i dtreo árachas breoiteachta do phinsinéirí,

— íocaíochtaí forlíontacha chun costais leighis a aisíoc le hiar-chomhaltaí na Frithbheartaíochta a díbríodh nó a imtheorannaíodh,

— éifeacht na n-ualaithe is infheidhme maidir le pinsin,

— costas aon nuashonruithe ar phinsin le linn na bliana airgeadais.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 282 286 000 | 6 6 0 2 |

*Bunús dlí*

Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal sin (IO 45, 14.6.1962, lch. 1385/65).

***21 01 01*** *(Ar lean.)*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***21 01 02*** ***Pinsin iar-Chomhaltaí — Institiúidí***

21 01 02 01 Pinsin iar-Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 14 762 000 | 14 074 000 | 12 414 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar pinsin scoir, pinsin easláine agus pinsin marthanóirí iar-Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa.

*Bunús dlí*

Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagail 14, 15, 17 agus 28 de.

Bearta cur chun feidhme le haghaidh Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, go háirithe Airteagail 49 go 60 de, agus forálacha ábhartha arna nglacadh ag Biúró Pharlaimint na hEorpa.

21 01 02 02 Pinsin iar-Uachtaráin na Comhairle Eorpaí agus iar-Ardrúnaithe Chomhairle an Aontais Eorpaigh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 912 000 | 736 000 | 730 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar pinsin scoir agus pinsin easláine iar-Uachtaráin na Comhairle Eorpaí agus iar-Ardrúnaithe Chomhairle an Aontais Eorpaigh, in éineacht leis na hualuithe is infheidhme maidir lena dtír chónaithe, agus pinsin marthanóirí chéilí agus dhílleachtaí marthanacha iar-Uachtaráin na Comhairle Eorpaí agus iar-Ardrúnaithe Chomhairle an Aontais Eorpaigh, in éineacht leis na hualuithe is infheidhme maidir lena dtír chónaithe.

Cumhdaítear leis freisin ranníocaíocht an fhostóra i dtreo árachas breoiteachta d'iar-Uachtaráin na Comhairle Eorpaí agus iar-Ardrúnaithe Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

*Bunús dlí*

Cinneadh 2009/909/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena leagtar síos coinníollacha fostaíochta Uachtarán na Comhairle Eorpaí (IO L 322, 9.12.2009, lch. 35).

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

21 01 02 03 Pinsin iar-Chomhaltaí an Choimisiúin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 9 913 000 | 8 637 000 | 7 634 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar pinsin scoir agus pinsin easláine iar-Chomhaltaí an Choimisiúin, in éineacht leis na hualuithe is infheidhme maidir lena dtír chónaithe, agus pinsin marthanóirí chéilí agus dhílleachtaí marthanacha iar-Chomhaltaí an Choimisiúin, in éineacht leis na hualuithe is infheidhme maidir lena dtír chónaithe.

Cumhdaítear leis freisin ranníocaíocht an fhostóra i dtreo árachas breoiteachta d'iar-Chomhaltaí an Choimisiúin.

*Bunús dlí*

Rialachán Uimh. 422/67/CEE, Uimh. 5/67/Euratom ón gComhairle an 25 Iúil 1967 lena socraítear díolaíochtaí Uachtarán agus Chomhaltaí an Choimisiúin, Uachtarán, Bhreithiúna, Ard-Abhcóidí agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta agus Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh (IO 187, 8.8.1967, lch. 1).

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

**CAIBIDIL 21 01 — PINSIN** *(Ar lean.)*

***21 01 02*** *(Ar lean.)*

21 01 02 04 Pinsin iar-Chomhaltaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 17 020 000 | 15 665 000 | 13 421 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar pinsin scoir agus pinsin easláine iar-Chomhaltaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, in éineacht leis na hualuithe is infheidhme maidir lena dtír chónaithe, agus pinsin marthanóirí chéilí agus dhílleachtaí marthanacha iar-Chomhaltaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, in éineacht leis na hualuithe is infheidhme maidir lena dtír chónaithe.

Cumhdaítear leis freisin ranníocaíocht an fhostóra i dtreo árachas breoiteachta d'iar-Chomhaltaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

*Bunús dlí*

Rialachán Uimh. 422/67/CEE, Uimh. 5/67/Euratom ón gComhairle an 25 Iúil 1967 lena socraítear díolaíochtaí Uachtarán agus Chomhaltaí an Choimisiúin, Uachtarán, Bhreithiúna, Ard-Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta agus Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh (IO 187, 8.8.1967, lch. 1), agus go háirithe Airteagail 8, 9, 15 agus 18 de.

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

21 01 02 05 Pinsin iar-Chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 7 176 000 | 6 512 000 | 5 664 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar pinsin scoir agus pinsin easláine iar-Chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí, in éineacht leis na hualuithe is infheidhme maidir lena dtír chónaithe, agus na pinsin marthanóirí dá gcéilí agus do dhílleachtaí marthanacha iar-Chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí, in éineacht leis na hualuithe is infheidhme maidir lena dtír chónaithe.

Cumhdaítear leis freisin ranníocaíocht an fhostóra i dtreo árachas breoiteachta d'iar-Chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí.

***21 01 02*** *(Ar lean.)*

21 01 02 05 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 2290/77 ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 1977 lena socraítear díolaíochtaí Chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí na hEorpa (IO L 268, 20.10.1977, lch. 1), agus go háirithe Airteagail 9, 10, 11 agus 16 de.

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

21 01 02 06 Pinsin na n-iar-Ombudsman Eorpach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 295 000 | 283 000 | 276 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar pinsin scoir agus pinsin easláine na n-iar-Ombudsman Eorpach, in éineacht leis na hualuithe is infheidhme maidir lena dtír chónaithe, agus pinsin marthanóirí chéilí agus dhílleachtaí marthanacha na n-iar-Ombudsman Eorpach, in éineacht leis na hualuithe is infheidhme maidir lena dtír chónaithe.

Cumhdaítear leis freisin ranníocaíocht an fhostóra i dtreo árachas breoiteachta le haghaidh na n-iar-Ombudsman Eorpach.

*Bunús dlí*

Rialachán Uimh. 422/67/CEE, Uimh. 5/67/Euratom ón gComhairle an 25 Iúil 1967 lena socraítear díolaíochtaí Uachtarán agus Chomhaltaí an Choimisiúin, Uachtarán, Bhreithiúna, Ard-Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta agus Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh (IO 187, 8.8.1967, lch. 1), agus go háirithe Airteagail 8, 9, 15 agus 18 de.

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

21 01 02 07 Pinsin iar-Mhaoirseoirí Eorpacha ar Chosaint Sonraí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 352 000 | 342 000 | 327 000,— |

**CAIBIDIL 21 01 — PINSIN** *(Ar lean.)*

***21 01 02*** *(Ar lean.)*

21 01 02 07 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar pinsin scoir agus pinsin easláine iar-Mhaoirseoirí Eorpacha ar Chosaint Sonraí, in éineacht leis na hualuithe is infheidhme maidir lena dtír chónaithe, mar aon le pinsin marthanóirí chéilí agus dhílleachtaí marthanacha iar-Mhaoirseoirí Eorpacha ar Chosaint Sonraí, in éineacht leis na hualuithe is infheidhme maidir lena dtír chónaithe.

Cumhdaítear leis freisin ranníocaíocht an fhostóra i dtreo árachas breoiteachta d'iar-Mhaoirseoirí Eorpacha ar Chosaint Sonraí.

*Bunús dlí*

([1]) Áirítear leis na poist sa phlean bunaíochta 44 phost in 2024 agus 30 post in 2023 arna maoiniú taobh amuigh de bhuiséad an Aontais.
([2]) Lena n-áirítear poist sa phlean bunaíochta maidir leis an gCiste don Nuálaíocht (30), leis an Sásra um Aistriú Cóir (4), leis an Sásra Maoiniúcháin don Fhuinneamh In-athnuaite (1), le Next Generation EU (6) agus le ranníocaíocht tríú tíortha le Fís Eorpach (2).

COIMISIÚN

**An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA)**

| Grúpa feidhme agus grád | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir (EACEA) | | | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 | | 2023 | |
| | Arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais | | Arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais | |
| | Poist bhuana | Poist shealadacha | Poist bhuana | Poist shealadacha |
| AD 16 | — | — | — | — |
| AD 15 | — | 1 | — | 1 |
| AD 14 | — | 13 | — | 17 |
| AD 13 | — | 10 | — | 6 |
| AD 12 | — | 16 | — | 19 |
| AD 11 | — | 15 | — | 16 |
| AD 10 | — | 20 | — | 13 |
| AD 9 | — | 12 | — | 15 |
| AD 8 | — | 16 | — | 12 |
| AD 7 | — | 8 | — | 10 |
| AD 6 | — | 8 | — | 5 |
| AD 5 | — | 1 | — | — |
| Fo-iomlán AD | — | 120 | — | 114 |
| AST 11 | — | 1 | — | 1 |
| AST 10 | — | 1 | — | 2 |
| AST 9 | — | — | — | — |
| AST 8 | — | 4 | — | 2 |
| AST 7 | — | 9 | — | 9 |
| AST 6 | — | 5 | — | 5 |
| AST 5 | — | 1 | — | 2 |
| AST 4 | — | — | — | — |
| AST 3 | — | — | — | — |
| AST 2 | — | — | — | — |
| AST 1 | — | — | — | — |
| Fo-iomlán AST | — | 21 | — | 21 |
| AST/SC 6 | — | — | — | — |
| AST/SC 5 | — | — | — | — |
| AST/SC 4 | — | — | — | — |
| AST/SC 3 | — | — | — | — |
| AST/SC 2 | — | — | — | — |
| AST/SC 1 | — | — | — | — |
| Fo-iomlán AST/SC | — | — | — | — |
| **IOMLÁN** | **—** | **141** | **—** | **135** |
| **Comhiomlán** ([1]) | **141** ([1]) | | **135** | |

([1]) Áirítear leis na poist sa phlean bunaíochta 4 phost in 2024 agus 4 phost in 2023 arna maoiniú taobh amuigh de bhuiséad an Aontais.

**Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (Eismea)**

| Grúpa feidhme agus grád | Cannot find heading for [Agency EISMEA ga] | | | |
|---|---|---|---|---|
| | 2024 | | 2023 | |
| | Arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais | | Arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais | |
| | Poist bhuana | Poist shealadacha | Poist bhuana | Poist shealadacha |
| AD 16 | — | — | — | — |
| AD 15 | — | 1 | — | 1 |
| AD 14 | — | 8 | — | 8 |
| AD 13 | — | 7 | — | 7 |
| AD 12 | — | 18 | — | 19 |
| AD 11 | — | 12 | — | 12 |
| AD 10 | — | 9 | — | 9 |
| AD 9 | — | 10 | — | 10 |
| AD 8 | — | 10 | — | 10 |
| AD 7 | — | 19 | — | 19 |
| AD 6 | — | 1 | — | 8 |
| AD 5 | — | — | — | 5 |
| Fo-iomlán AD | — | 95 | — | 108 |
| AST 11 | — | — | — | — |
| AST 10 | — | — | — | — |
| AST 9 | — | 1 | — | 1 |
| AST 8 | — | — | — | — |
| AST 7 | — | — | — | — |
| AST 6 | — | 3 | — | 3 |
| AST 5 | — | 3 | — | 3 |
| AST 4 | — | 2 | — | 2 |
| AST 3 | — | — | — | 1 |
| AST 2 | — | — | — | — |
| AST 1 | — | — | — | — |
| Fo-iomlán AST | — | 9 | — | 10 |
| AST/SC 6 | — | — | — | — |
| AST/SC 5 | — | — | — | — |
| AST/SC 4 | — | — | — | — |
| AST/SC 3 | — | 1 | — | 1 |
| AST/SC 2 | — | 1 | — | 1 |
| AST/SC 1 | — | — | — | — |
| Fo-iomlán AST/SC | — | 2 | — | 2 |
| **IOMLÁN** | **—** | **106** | **—** | **120** |
| **Comhiomlán** ([1]) | **106** | | **120** | |

([1]) Áirítear leis na poist sa phlean bunaíochta 15 phost in 2024 agus 16 phost in 2023 arna maoiniú taobh amuigh de bhuiséad an Aontais.

**IARSCRÍBHINN**

**OIFIGÍ**

COIMISIÚN

**OIFIG NA BHFOILSEACHÁN**

COIMISIÚN
*OIFIG NA BHFOILSEACHÁN*

# IONCAM

*TEIDEAL 3*

## IONCAM RIARACHÁIN

### CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 0 | | | | |
| **3 0 0** | ***Cánacha agus tobhaigh*** | | | | |
| 3 0 0 0 | Cáin ar luach saothair | 5 082 000 | 4 775 000 | 4 481 466,31 | 88,18 |
| 3 0 0 1 | Tobhaigh speisialta ar luach saothair | 1 100 000 | 1 039 000 | 968 806,35 | 88,07 |
| | *Airteagal 3 0 0 — IOMLÁN* | 6 182 000 | 5 814 000 | 5 450 272,66 | 88,16 |
| **3 0 1** | ***Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin*** | | | | |
| 3 0 1 0 | Ranníocaíochtaí na foirne leis an scéim pinsin | 6 357 000 | 5 481 000 | 5 102 708,44 | 80,27 |
| | *Airteagal 3 0 1 — IOMLÁN* | 6 357 000 | 5 481 000 | 5 102 708,44 | 80,27 |
| | CAIBIDIL 3 0 — IOMLÁN | 12 539 000 | 11 295 000 | 10 552 981,10 | 84,16 |
| | **Teideal 3 — IOMLÁN** | **12 539 000** | **11 295 000** | **10 552 981,10** | **84,16** |

COIMISIÚN
*OIFIG NA BHFOILSEACHÁN*

*TEIDEAL 3*

## IONCAM RIARACHÁIN

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN**

### *3 0 0 Cánacha agus tobhaigh*

3 0 0 0 Cáin ar luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 5 082 000 | 4 775 000 | 4 481 466,31 |

*Barúlacha*

Is é atá san ioncam sin na fáltais uile ón gcáin ar thuarastail, pá agus liúntais oifigeach agus seirbhíseach eile a asbhaintear gach mí ó thuarastail fhoireann na hOifige.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 260/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos na coinníollacha agus an nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm na cánach chun sochar na gComhphobal Eorpach (IO L 56, 4.3.1968, lch. 8).

*Gníomhartha tagartha*

Prótacal maidir le pribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 12 de.

3 0 0 1 Tobhaigh speisialta ar luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 100 000 | 1 039 000 | 968 806,35 |

*Barúlacha*

Is é atá san ioncam seo na fáltais uile ón ranníocaíocht shealadach ó luach saothair oifigeach agus seirbhíseach eile i bhfostaíocht ghníomhach a asbhaintear gach mí ó thuarastail fhoireann na hOifige.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 66a díobh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN** *(Ar lean.)*

### *3 0 1 Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin*

3 0 1 0 Ranníocaíochtaí na foirne leis an scéim pinsin

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 6 357 000 | 5 481 000 | 5 102 708,44 |

*Barúlacha*

Is é atá san ioncam seo na ranníocaíochtaí uile a asbhaintear gach mí ó thuarastail fhoireann na hOifige i gcomhréir le hAirteagal 83(2) de na Rialacháin Foirne agus a úsáidtear chun an scéim pinsin a mhaoiniú.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

COIMISIÚN
*OIFIG NA BHFOILSEACHÁN*

*TEIDEAL 6*

## IONCAM, RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE BEARTAIS AN AONTAIS

### CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 6 6 | | | | |
| **6 6 8** | ***Ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 6 6 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Teideal 6 — IOMLÁN** | **p.m.** | **p.m.** | **0,—** | |

COIMISIÚN
*OIFIG NA BHFOILSEACHÁN*

*TEIDEAL 6*

## IONCAM, RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE BEARTAIS AN AONTAIS

### CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE

### 6 6 8 *Ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile — Ioncam sannta*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, aon ioncam nach ndéantar foráil maidir leis i gcodanna eile de Theideal 6 a fháil, ar ioncam é a úsáidtear chun leithreasuithe breise a sholáthar chun caiteachas dá bhfuil an t-ioncam seo sannta a mhaoiniú.

COIMISIÚN
*OIFIG NA BHFOILSEACHÁN*

## CAITEACHAS

### *TEIDEAL O1*

### OIFIG NA BHFOILSEACHÁN

#### CAIBIDIL O1 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL O1 01 | | | | |
| ***O1 01 01*** | ***Oifigigh agus foireann shealadach*** | | | | |
| O1 01 01 01 | Luach saothair agus liúntais | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 70 849 000 | 67 148 000 | 62 778 977,40 | 88,61 |
| O1 01 01 02 | Costais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 513 000 | 587 000 | 298 443,76 | 58,18 |
| O1 01 01 03 | Beartas agus bainistiú an phearsanra | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| O1 01 01 04 | Caiteachas soghluaisteachta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 21 000 | 21 000 | 21 000,— | 100 |
| | *Airteagal O1 01 01 — IOMLÁN* | 71 383 000 | 67 756 000 | 63 098 421,16 | 88,39 |
| ***O1 01 02*** | ***Pearsanra seachtrach*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 649 000 | 2 483 000 | 2 647 706,65 | 99,95 |
| ***O1 01 03*** | ***Caiteachas bainistíochta eile*** | | | | |
| O1 01 03 01 | Speansais mhisean agus ionadaíochta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 136 000 | 136 000 | 65 000,— | 47,79 |
| O1 01 03 02 | Speansais a bhaineann le cruinnithe, grúpaí saineolaithe agus comhdhálacha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 14 000 | 16 000 | 27 630,— | 197,36 |

**CAIBIDIL O1 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **O1 01 03** | *(Ar lean.)* | | | | |
| O1 01 03 03 | Staidéir agus comhairliúcháin | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 49 800,— | |
| O1 01 03 04 | Oiliúint bhreise agus oiliúint bainistíochta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 75 000 | 75 000 | 70 321,68 | 93,76 |
| O1 01 03 05 | Cruinnithe inmheánacha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 000 | 1 000 | 127,— | 12,70 |
| | *Airteagal O1 01 03 — IOMLÁN* | 226 000 | 228 000 | 212 878,68 | 94,19 |
| ***O1 01 04*** | ***Bonneagar agus lóistíocht*** | | | | |
| O1 01 04 01 | Cíosanna agus ceannacháin | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 8 006 000 | 12 942 400 | 9 197 848,60 | 114,89 |
| O1 01 04 02 | Caiteachas a bhaineann le foirgnimh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 213 000 | 3 895 000 | 2 296 345,16 | 103,77 |
| O1 01 04 03 | Trealamh agus troscán | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 18 000 | 18 000 | 908 557,22 | 5 047,54 |
| O1 01 04 04 | Seirbhísí agus caiteachas oibriúcháin eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 253 000 | 420 000 | 201 776,93 | 79,75 |
| | *Airteagal O1 01 04 — IOMLÁN* | 10 490 000 | 17 275 400 | 12 604 527,91 | 120,16 |
| ***O1 01 05*** | ***Caiteachas slándála agus rialaithe*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 992 000 | 1 900 000 | 1 099 598,56 | 110,85 |
| ***O1 01 06*** | ***Caiteachas doiciméadúcháin agus leabharlainne*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | 1 000 | 0,— | |

COIMISIÚN
*OIFIG NA BHFOILSEACHÁN*

**CAIBIDIL O1 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL O1 02 — GNÍOMHAÍOCHTAÍ SONRACHA**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***O1 01 07*** | ***Beartas agus bainistíocht an bhonneagair*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***O1 01 08*** | ***Caiteachas a bhaineann le gnóthaí dlí*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***O1 01 09*** | ***Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide*** | | | | |
| O1 01 09 01 | Córais faisnéise | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 8 642 000 | 8 447 174 | 9 727 722,09 | 112,56 |
| O1 01 09 02 | Ionad oibre digiteach | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 119 000 | 2 150 000 | 2 126 587,15 | 100,36 |
| O1 01 09 03 | Lárionad sonraí agus seirbhísí líonraithe | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 7 492 000 | 7 386 000 | 6 028 744,— | 80,47 |
| | *Airteagal O1 01 09 — IOMLÁN* | 18 253 000 | 17 983 174 | 17 883 053,24 | 97,97 |
| | CAIBIDIL O1 01 — IOMLÁN | 103 993 000 | 107 626 574 | 97 546 186,20 | 93,80 |
| | CAIBIDIL O1 02 | | | | |
| ***O1 02 01*** | ***Foilseacháin*** | | | | |
| O1 02 01 01 | Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (sraitheanna L agus C) | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 6 700 000 | 2 724 000 | 2 201 950,— | 32,86 |
| O1 02 01 02 | Foilseacháin éigeantacha eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 345 000 | 2 380 000 | 2 302 325,— | 98,18 |
| O1 02 01 03 | Foilseacháin ghinearálta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 988 000 | 791 000 | 1 876 186,82 | 189,90 |
| | *Airteagal O1 02 01 — IOMLÁN* | 10 033 000 | 5 895 000 | 6 380 461,82 | 63,59 |

**CAIBIDIL O1 02 — GNÍOMHAÍOCHTAÍ SONRACHA** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL O1 10 — CÚLCHISTÍ**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***O1 02 02*** | ***Caomhnú fadtéarmach*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 182 000 | 3 229 000 | 3 827 676,72 | 120,29 |
| ***O1 02 03*** | ***Rochtain agus athúsáid*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 246 000 | 3 361 000 | 4 657 849,26 | 143,50 |
| | CAIBIDIL O1 02 — IOMLÁN | 16 461 000 | 12 485 000 | 14 865 987,80 | 90,31 |
| | CAIBIDIL O1 10 | | | | |
| ***O1 10 01*** | ***Leithreasuithe sealadacha*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***O1 10 02*** | ***Cúlchiste teagmhasach*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL O1 10 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Teideal O1 — IOMLÁN** | **120 454 000** | **120 111 574** | **112 412 174,—** | **93,32** |

COIMISIÚN
*OIFIG NA BHFOILSEACHÁN*

*TEIDEAL O1*

# OIFIG NA BHFOILSEACHÁN

## CAIBIDIL O1 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

### *O1 01 01 Oifigigh agus foireann shealadach*

O1 01 01 01 Luach saothair agus liúntais

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 70 849 000 | 67 148 000 | 62 778 977,40 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid seo a leanas i leith oifigigh agus foireann shealadach a shealbhaíonn poist ar an bplean bunaíochta:

— tuarastail, liúntais agus íocaíochtaí a bhaineann le tuarastail,

— árachas timpiste agus breoiteachta agus muirir slándála sóisialta eile,

— árachas dífhostaíochta le haghaidh foireann shealadach agus íocaíochtaí ón institiúid chun bheith ina gcearta pinsin nó chun cearta pinsin a choinneáil ar bun lena haghaidh ina tír thionscnaimh,

— liúntais ilghnéitheacha agus deontais,

— costas na n-ualuithe a chuirtear i bhfeidhm maidir le luach saothair oifigeach agus foirne sealadaí agus costas na n-ualuithe a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an gcuid de na díolaíochtaí a aistrítear chuig tír seachas tír na fostaíochta,

— costas aon uasdátaithe ar luach saothair le linn na bliana airgeadais.

**CAIBIDIL O1 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O1 01 01 *(Ar lean.)*

O1 01 01 02 Costais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 513 000 | 587 000 | 298 443,76 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid seo a leanas i leith oifigigh agus foireann shealadach a shealbhaíonn poist ar an bplean bunaíochta:

— speansais taistil atá dlite d'oifigigh agus d'fhoireann shealadach (lena n-áirítear a dteaghlaigh) nuair a théann siad i mbun dualgais, nuair a fhágann siad an institiúid nó nuair a aistríonn siad chuig áit fostaíochta eile,

— liúntais suiteála agus athlonnaithe atá dlite d'oifigigh agus d'fhoireann shealadach ar a bhfuil oibleagáid a n-áit chónaithe a athrú nuair a théann siad i mbun dualgais, nuair a aistríonn siad chuig áit fostaíochta nua agus ar deireadh nuair a fhágann siad an institiúid agus nuair a athlonnaíonn siad in áit eile,

— speansais aistrithe atá dlite d'oifigigh agus d'fhoireann shealadach ar a bhfuil oibleagáid a n-áit chónaithe a athrú nuair a théann siad i mbun dualgais, nuair a aistríonn siad chuig áit fostaíochta nua agus ar deireadh nuair a fhágann siad an institiúid agus nuair a athlonnaíonn siad in áit eile.

O1 01 01 03 Beartas agus bainistiú an phearsanra

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid a leanas:

— cabhair chomhchineáil is féidir a sholáthar d'oifigigh, iar-oifigigh nó marthanóirí oifigeach a fuair bás agus atá i gcúinsí fíordheacra,

— ranníocaíocht na hOifige le costais an lárionaid áineasa agus le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh chultúrtha agus spóirt eile chun teagmháil shóisialta a chur chun cinn idir baill foirne ar de náisiúntachtaí éagsúla iad,

— ranníocaíocht na hOifige le costais an Lárionaid Luath-Óige agus naíolanna eile agus le haghaidh iompar scoile,

— caiteachas le haghaidh na gcatagóirí daoine seo a leanas, mar chuid de bheartas chun cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas:

  — oifigigh agus foireann shealadach i bhfostaíocht ghníomhach,

COIMISIÚN
*OIFIG NA BHFOILSEACHÁN*

**CAIBIDIL O1 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O1 01 01 *(Ar lean.)*

O1 01 01 03 *(Ar lean.)*

— céilí oifigeach agus ball foirne sealadach i bhfostaíocht ghníomhach,

— na leanaí cleithiúnacha uile de réir bhrí na Rialachán Foirne.

Cumhdaítear leis, laistigh de theorainneacha an mhéid a iontráiltear sa bhuiséad agus tar éis aon teidlíocht náisiúnta a dheonaítear sa tír chónaithe nó sa tír thionscnaimh a bheith éilithe, aon chaiteachas neamhliachta a bhfuil bunús iomchuí leis agus a aithnítear go bhfuil gá leis agus a eascraíonn as míchumas.

O1 01 01 04 Caiteachas soghluaisteachta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 21 000 | 21 000 | 21 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le soghluaisteacht.

***O1 01 02 Pearsanra seachtrach***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 649 000 | 2 483 000 | 2 647 706,65 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas seo a leanas:

— luach saothair foirne ar conradh (de réir bhrí Theideal IV de na Coinníollacha Fostaíochta), scéim árachais shóisialta na hinstitiúide lena gcumhdaítear foireann ar conradh, mar a thuairiscítear i dTeideal IV, agus costas na n-ualuithe is infheidhme maidir le luach saothair na foirne sin,

— caiteachas a tabhaíodh (luach saothair, árachas, etc.) trí úsáid a bhaint as foireann sheachtrach ar conradh faoin dlí príobháideach agus as foireann gníomhaireachta,

— an costas a bhaineann le státseirbhísigh náisiúnta nó saineolaithe eile ar iasacht nó sannacháin shealadacha don Oifig agus speansais fhorlíontacha a eascraíonn as oifigigh a thabhairt ar iasacht chuig státseirbhísí náisiúnta nó eagraíochtaí idirnáisiúnta,

— costas aon uasdátaithe ar luach saothair le linn na bliana airgeadais.

**CAIBIDIL O1 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

### *O1 01 03 Caiteachas bainistíochta eile*

O1 01 03 01 Speansais mhisean agus ionadaíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 136 000 | 136 000 | 65 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a leanas:

— speansais taistil, liúntais chothaithe laethúla agus caiteachas breise nó eisceachtúil a thabhaítear i dtaca le misin na foirne a chumhdaítear leis na Rialacháin Foirne agus le misin saineolaithe náisiúnta nó idirnáisiúnta nó oifigeach ar iasacht,

— aisíoc costas a thabhaíonn daoine a dhéanann ionadaíocht oifigiúil don Oifig (níl aisíoc indéanta le haghaidh speansais a thabhaítear i bhfeidhmiú dualgas ionadaíochta maidir le foireann an Choimisiúin nó institiúidí eile den Aontas), chomh maith le costas rannpháirtíochta na hOifige sa Bridge Forum Dialogue.

O1 01 03 02 Speansais a bhaineann le cruinnithe, grúpaí saineolaithe agus comhdhálacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 14 000 | 16 000 | 27 630,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a leanas:

— speansais taistil, chothaithe agus theagmhasacha ag saineolaithe atá rannpháirteach i ngrúpaí staidéir agus i meithleacha, agus an costas a bhaineann leis na cruinnithe sin a eagrú i gcás nach gcumhdaítear iad leis an mbonneagar atá ann cheana i gceanncheathrú na n-institiúidí ná sna hoifigí seachtracha (aisíoctar saineolaithe ar bhonn cinntí a dhéanann an Coimisiún),

— caiteachas i ndáil leis na gnéithe praiticiúla a bhaineann le cúrsaí a eagrú, áitribh, iompar, béilí agus cóiríocht a úsáid le haghaidh rannpháirtithe i gcúrsaí cónaithe,

— an costas a bhaineann le comhdhálacha, comhthionóil agus cruinnithe a eagraíonn an Oifig nó ina bhfuil sí rannpháirteach.

O1 01 03 03 Staidéir agus comhairliúcháin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 49 800,— |

**CAIBIDIL O1 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O1 01 03 *(Ar lean.)*

O1 01 03 03 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a leanas:

— an costas a bhaineann le sainchomhairleoirí a úsáid i réimsí éagsúla, go háirithe modhanna eagraíochtúla, bainistíocht, straitéis, cáilíocht agus bainistíocht pearsanra,

— caiteachas ar staidéir agus ar shainchomhairleoireacht a chuirtear amach ar conradh chuig saineolaithe ardcháilithe (daoine nádúrtha nó dlítheanacha) i gcás nach bhfuil an Oifig in ann, leis an bhfoireann atá aici, staidéir agus comhairleacht den sórt sin a chur i gcrích go díreach, lena n-áirítear staidéir atá ann cheana féin a cheannach.

O1 01 03 04 Oiliúint bhreise agus oiliúint bainistíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 75 000 | 75 000 | 70 321,68 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a leanas:

— caiteachas ar oiliúint chun feabhas a chur ar scileanna, feidhmíocht agus éifeachtúlacht na foirne chun freastal ar shainriachtanais na hOifige,

— an costas a bhaineann le saineolaithe a úsáid chun riachtanais oiliúna a shainaithint, cúrsaí a dhearadh, a fhorbairt agus a reáchtáil agus meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar thorthaí,

— an costas a bhaineann le freastal ar oiliúint sheachtrach agus le dul i bpáirt leis na heagraíochtaí gairmiúla ábhartha,

— caiteachas oiliúna a bhaineann le foilseacháin agus faisnéis, suíomhanna idirlín gaolmhara agus ceannachán trealaimh teagaisc, síntiús agus ceadúnas le haghaidh cianteagaisc, leabhair, táirgí preasa agus ilmheán,

— maoiniú áiseanna teagaisc.

O1 01 03 05 Cruinnithe inmheánacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 000 | 1 000 | 127,— |

O1 01 03 *(Ar lean.)*

O1 01 03 05 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas a bhaineann le sólaistí agus bia a riartar ar ócáidí speisialta le linn cruinnithe inmheánacha.

### *O1 01 04 Bonneagar agus lóistíocht*

*Bunús dlí*

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh, (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'obair le trealamh scáileán taispeána (an cúigiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 156, 21.6.1990, lch. 14).

O1 01 04 01 Cíosanna agus ceannacháin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 8 006 000 | 12 942 400 | 9 197 848,60 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear go háirithe:

— na costais a bhaineann le foirgnimh a cheannach, nó a fháil ar cíos leis an rogha ar cheannach, nó le foirgnimh a thógáil,

— cíos agus bunchíos, na cánacha éagsúla, etc., a bhaineann le roghanna ar cheannach maidir le foirgnimh nó codanna d'fhoirgnimh ar áitiú, agus seomraí comhdhála, seomraí stórais, seomraí cartlainne, garáistí agus saoráidí páirceála a fhruiliú,

— táillí comhairliúcháin airgeadais agus teicniúla roimh fhoirgnimh a fháil, a fháil ar cíos nó a thógáil.

O1 01 04 02 Caiteachas a bhaineann le foirgnimh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 213 000 | 3 895 000 | 2 296 345,16 |

COIMISIÚN
*OIFIG NA BHFOILSEACHÁN*

**CAIBIDIL O1 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O1 01 04 *(Ar lean.)*

O1 01 04 02 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear go háirithe:

— muirir uisce, gáis, leictreachais agus téimh i leith na bhfoirgneamh nó codanna d'fhoirgnimh atá ar áitiú ag an Oifig,

— préimheanna árachais ar fhoirgnimh nó codanna d'fhoirgnimh atá ar áitiú ag an Oifig,

— cineálacha éagsúla árachais (go háirithe dliteanas tríú páirtí agus árachas in aghaidh gadaíochta),

— caiteachas ar chothabháil seomraí, ardaitheoirí, téimh lárnaigh, suiteálacha aerchóirithe, etc.; caiteachas ar ghlantachán tréimhsiúil áirithe agus ceannachán táirgí cothabhála, níocháin, tuaracháin agus tirimghlantacháin; caiteachas ar athphéinteáil, deisiú agus soláthairtí le haghaidh na gceardlann cothabhála,

— caiteachas ar chóireáil, stóráil agus baint dramhaíola roghnaíoch,

— an costas a bhaineann le hathchóiriú foirgneamh, e.g. athruithe ar dheighilt, athruithe ar shuiteálacha teicniúla agus obair speisialaithe eile ar ghlais, trealamh leictreach, pluiméireacht, péinteáil agus clúdaigh urláir, an costas a bhaineann le hathruithe a dhéanamh ar an trealamh líonra a bhaineann leis na foirgnimh de réir cinn scríbe, agus an costas a bhaineann leis an trealamh is gá,

— caiteachas eile ar fhoirgnimh, go háirithe táillí bainistíochta le haghaidh foirgnimh iltionóntuithe, costais a bhaineann le suirbhéanna a dhéanamh ar áitribh agus muirir le haghaidh fóntais (glantachán agus cothabháil sráide, bailiú bruscair etc.),

— táillí cúnaimh theicniúil a bhaineann le mórobair athfheistiúcháin ar áitribh.

O1 01 04 03 Trealamh agus troscán

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 18 000 | 18 000 | 908 557,22 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear go háirithe:

— caiteachas ar threalamh oibre, lena n-áirítear go háirithe ceannachán éidí (go príomha le haghaidh teachtairí, tiománaithe agus foirne lónadóireachta), ceannachán agus glantachán éadaí oibre le haghaidh na foirne ceardlainne agus na foirne ar a gceanglaítear obair a dhéanamh ar gá cosaint lena haghaidh ar dhrochaimsir nó aimsir fhuar, caitheamh agus salachar neamhghnách, agus ceannachán nó aisíoc an chostais a bhaineann le haon trealamh a d'fhéadfadh a bheith riachtanach de bhun Threoracha 89/391/CEE agus 90/270/CEE,

**CAIBIDIL O1 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O1 01 04 *(Ar lean.)*

O1 01 04 03 *(Ar lean.)*

— an costas a bhaineann le trealamh teicniúil agus suiteálacha a cheannach, a fhruiliú nó a léasú, a chothabháil, a dheisiú, a shuiteáil agus a athnuachan,

— comhdháil agus closchomhdháil/físchomhdháil: caiteachas ar threalamh closchomhdhála agus físchomhdhála a úsáidtear i seomraí comhdhála go hiondúil agus seomraí teilealáithreachta tiomnaithe chun cumarsáid lucht saothair a chumasú,

— an costas a bhaineann le troscán a cheannach, a fhruiliú, a chothabháil agus a dheisiú,

— an costas a bhaineann le trealamh iompair a cheannach, a fhruiliú, a chothabháil agus a dheisiú.

O1 01 04 04 Seirbhísí agus caiteachas oibriúcháin eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 253 000 | 420 000 | 201 776,93 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear go háirithe:

— an costas a bhaineann le páipéar, clúdaigh litreach, soláthairtí oifige etc. a cheannach,

— táillí poist agus seachadta ar phost, tuarascálacha agus foilseacháin, agus post inmheánach na hOifige,

— an costas a bhaineann le haistrithe roinne agus atheagruithe agus láimhseáil (glacadh le seachadadh, stóráil, seachadadh a dhéanamh) maidir le trealamh, troscán agus soláthairtí oifige,

— caiteachas oibriúcháin eile nach ndéantar foráil maidir leis go sonrach thuas.

***O1 01 05 Caiteachas slándála agus rialaithe***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 992 000 | 1 900 000 | 1 099 598,56 |

COIMISIÚN
*OIFIG NA BHFOILSEACHÁN*

**CAIBIDIL O1 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O1 01 05 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear go háirithe:

— speansais a bhaineann le slándáil fhisiceach agus ábhartha daoine agus maoine, go háirithe conarthaí chun foirgnimh a chosaint, conarthaí chun suiteálacha slándála a chothabháil agus mionbhaill trealaimh a cheannach,

— speansais a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht daoine aonair ag an obair, go háirithe trealamh comhraicthe dóiteáin a cheannach, a fhruiliú agus a chothabháil, ionadú trealaimh le haghaidh picéid dóiteáin agus costais a bhaineann le hiniúchadh reachtúil.

*Bunús dlí*

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh, (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d’obair le trealamh scáileán taispeána (an cúigiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 156, 21.6.1990, lch. 14).

***O1 01 06 Caiteachas doiciméadúcháin agus leabharlainne***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | 1 000 | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a leanas:

— síntiúis chun breathnú ar sheirbhísí sonraí, nuachtáin, tréimhseacháin speisialaithe, agus ceannachán foilseachán agus saothar teicniúil i dtaca le gníomhaíochtaí na hOifige,

— an costas a bhaineann le síntiúis le gníomhaireachtaí preasa (seirbhísí nuachtáisíneachta agus feasacháin phreasa agus faisnéise).

***O1 01 07 Beartas agus bainistíocht an bhonneagair***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

**CAIBIDIL O1 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O1 01 07 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais agus costais chlaochlúcháin ar bhialanna, caifitéirí agus ceaintíní.

### *O1 01 08 Caiteachas a bhaineann le gnóthaí dlí*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na damáistí atá le seasamh ag an Oifig agus iad sin a eascraíonn as dliteanas tríú páirtí, agus caiteachas a bhaineann le cásanna áirithe inar gá, ar chúiseanna cothromais, cúiteamh a íoc gan aon éileamh dlíthiúil ag eascairt as sin.

### *O1 01 09 Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide*

*Bunús dlí*

Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise a úsáideann an Coimisiún Eorpach (IO L 6, 11.1.2017, lch. 40).

Cinneadh (AE, Euratom) 2018/559 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2018 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh Airteagal 6 de Chinneadh (AE, Euratom) 2017/46 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise a úsáideann an Coimisiún Eorpach (IO L 93, 11.4.2018, lch. 4).

Cúraimí a thagann ó shainphribhléidí an Choimisiúin ar an leibhéal institiúideach, mar a fhoráiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

O1 01 09 01 Córais faisnéise

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 8 642 000 | 8 447 174 | 9 727 722,09 |

COIMISIÚN
*OIFIG NA BHFOILSEACHÁN*

**CAIBIDIL O1 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O1 01 09 *(Ar lean.)*

O1 01 09 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar córais faisnéise (i.e. feidhmchláir) na hOifige agus caiteachas gaolmhar. Áirítear ina raon feidhme costas na mbogearraí gnó agus na costais a bhaineann le feidhmchláir a fhorbairt, a bhainistiú agus a reáchtáil le haghaidh na hOifige. Cumhdaítear leis go háirithe:

— forbairt córas faisnéise: acmhainní a bhaineann leis na seirbhísí pacáistíochta anailíse, dearaidh, forbartha, cóid, tástála agus scaoilte atá bainteach le tionscadail forbartha feidhmchlár,

— tacaíocht agus cothabháil le haghaidh córais faisnéise: na hoibríochtaí, an tacaíocht, an réiteach agus na mionfheabhsuithe atá bainteach le feidhmchláir atá ann cheana,

— éadáil bogearraí gnó: caiteachais bogearraí, lena n-áirítear ceadúnú, cothabháil agus tacaíocht a bhaineann le ceannacháin bogearraí réamhdhéanta,

— bainistíocht na gcóras faisnéise: costais i ndáil le bainistíocht, riar agus pleanáil TF, lena n-áirítear caiteachas ar chúnamh maidir le bainistíocht feidhmiúcháin, bainistíocht straitéiseach, ailtireacht fiontair, maoiniú TF agus bainistíocht díoltóirí.

O1 01 09 02 Ionad oibre digiteach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 119 000 | 2 150 000 | 2 126 587,15 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gairis ríomhaireachta úsáideoirí deiridh agus tacaíocht le haghaidh úsáideoirí deiridh. Áirítear ina raon feidhme costais chun gairis ríomhaireachta úsáideoirí deiridh a cheannach, a thógáil, a bhainistiú agus a reáchtáil, agus tacaíocht láraithe a sheachadadh ar úsáideoirí deiridh san Oifig. Cumhdaítear leis go háirithe:

— bonneagar ríomhaireachta pearsanta: deasca fisiceacha ríomhaireachta cliant, ríomhairí glúine iniompartha, meaisíní caolchliaint, forimeallaithe (lena n-áirítear monatóirí, gairis phointeora agus printéirí pearsanta ceangailte) a úsáideann daoine aonair chun obair a dhéanamh,

— gairis shoghluaiste: táibléid ríomhaireachta cliant, fóin chliste agus aipeanna a úsáideann daoine aonair chun obair a dhéanamh,

— bogearraí úsáideoirí deiridh: bogearraí a bhaineann le cliaint a úsáidtear chun doiciméid agus inneachar eile, amhail ríomhphoist, cumarsáid, teachtaireachtaí, próiseáil focal, scarbhileoga, cuir i láthair, foilsitheoireacht deisce agus grafaicí a scríobh, a chruthú, a chomhoibriú agus a chomhroinnt,

— printéirí líonra: printéirí pearsanta nasctha le líonra, scairdphrintéirí, printéirí léasair, printéirí roinne nó cóipsheomra, etc.,

**CAIBIDIL O1 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O1 01 09 *(Ar lean.)*

O1 01 09 02 *(Ar lean.)*

- deasc chabhrach TF: acmhainní deisce cabhrach Leibhéal 1 láraithe a láimhseálann iarrataí ó úsáideoirí, a fhreagraíonn ceisteanna agus a réitíonn saincheisteanna,
- tacaíocht deisce: acmhainní tacaíochta áitiúla a sholáthraíonn tacaíocht ar an láthair le haghaidh aistrithe, suimithe, athruithe agus réiteach saincheisteanna praiticiúil.

O1 01 09 03 Lárionad sonraí agus seirbhísí líonraithe

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 7 492 000 | 7 386 000 | 6 028 744,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais a bhaineann le saoráidí lárionaid sonraí agus seirbhísí cumarsáide, chomh maith le costais a bhaineann le slándáil agus comhlíontacht TF. Cumhdaítear leis go háirithe:

- Saoráidí lárionaid sonraí: saoráidí lárionaid sonraí saintógtha ina bhfuil trealamh TF criticiúil agus ina gcosnaítear an trealamh sin lena n-áirítear an spás, an chumhacht, na rialuithe comhshaoil, na racaí, an cáblú agus tacaíocht ‘lámh chliste’; áirítear leis sin saoráidí eile amhail seomraí ríomhairí agus clóiséid ina bhfuil trealamh TF i gceanncheathrú corparáideach, lárionaid glaonna nó foirgnimh oifige ilfhóinteacha eile,
- ríomhaireacht ar an láthair agus néalbhunaithe, áirítear leis sin:
  - freastalaithe: freastalaithe fisiceacha agus fíorúla a ritear ar chórais oibriúcháin éagsúla; áirítear leis sin crua-earraí, bogearraí agus seirbhísí tacaíochta,
  - bonneagar comhtháite: fearais saintógtha a sholáthraíonn cumais ríomhaireachta, stórála agus líonra i mbosca amháin,
  - mór-ríomhaire: mór-ríomhairí agus oibríochtaí traidisiúnta a ritheann córais oibriúcháin oidhreachta,
- stóráil ar an láthair agus néalbhunaithe: soláthraítear stóráil sonraí láraithe inti agus sealbhaítear faisnéis agus sonraí inti atá le haisghabháil níos déanaí. Féadfar sonraí a choinneáil i stóráil le haghaidh feidhmchláir agus cóid, bunachair sonraí, comhaid, meán, ríomhphoist agus foirmeacha eile faisnéise. Áirítear léi trealamh agus bogearraí le haghaidh stóráil ar líne (le haghaidh an bhonneagair ríomhaireachta dháilte) agus stóráil as líne (le haghaidh cartlann, cúltaca agus athshlánú chun tacú le caillteanas sonraí, truailliú sonraí, athshlánú ó thubaistí agus ceanglais chomhlíontachta);
- líonra: sonraí agus trealamh gutha i dteannta na modhanna iompair chun córais agus daoine a nascadh agus chun é a chur ar a gcumas do dhaoine comhrá a dhéanamh le chéile; áirítear leis sin:

**CAIBIDIL O1 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O1 01 09 *(Ar lean.)*

O1 01 09 03 *(Ar lean.)*

  - LAN/WAN: líonra achair logánta fisiceach agus gan sreang a cheanglaíonn trealamh laistigh de na lárionaid bunsonraí agus a cheanglaíonn úsáideoirí deiridh i limistéir oibre oifige le líonraí níos leithne na heagraíochta, agus trealamh agus seirbhísí tacaíochta líonra achair fhairsing a cheanglaíonn lárionaid sonraí, oifigí agus tríú páirtithe go díreach,
  - guth: acmhainní gutha a chumasaíonn nó a dháileann seirbhísí gutha trí threalamh ar áitreabh lena n-áirítear PBX, VoIP agus glórphost,
  - iompar: ciorcaid líonra sonraí agus saoráidí agus seirbhísí rochtana gaolmhara; áirítear leis sin líonraí sonraí tiomnaithe agus fíorúla agus rochtain idirlín, chomh maith le húsáid atá bainteach le soghluaisteacht agus trasdul sonraí eile bunaithe ar bhilleáil úsáide; agus ciorcaid líonra gutha agus saoráidí agus seirbhísí rochtana gaolmhara, chomh maith le húsáid atá bainteach le gnáthghlaonna teileafóin. Is féidir go n-áireofar in iompar gutha agus sonraí teicneolaíochtaí trastíre agus neamh-thrastíre (e.g. satailíte),
- ardán: costais a bhaineann le bunachair sonraí dháilte agus córais meánearraí, áirítear leis sin bogearraí agus uirlisí bainistíochta bunachar sonraí, agus seirbhísí seachtracha,
- seachadadh: costais a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar oibríochtaí TF, le tacaíocht a thabhairt dóibh, le bainistíocht a dhéanamh orthu agus lena rith, áirítear leis sin:
  - bainistíocht seirbhíse TF: acmhainní a bhaineann leis an teagmhas, leis an bhfadhb agus leis na gníomhaíochtaí bainistithe athruithe mar chuid de phróiseas bainistíochta na seirbhíse TF (eisiatar deasc chabhrach Leibhéal 1),
  - bainistíocht ríomhchlár, táirgí agus tionscadal: acmhainní a bhaineann le tionscadail TF a bhainistiú agus le tacú leo agus/nó forbairt táirgí leanúnach ar fud tionscnaimh ghnó agus tionscnaimh atá dírithe ar TF,
  - bainistíocht cliant: acmhainní nó 'bainisteoirí cuntas' atá ailínithe leis na línte gnó chun riachtanais ghnó a thuiscint, táirgí agus seirbhísí TF agus stádas tionscadal TF a chur in iúl,
  - lárionad oibríochtaí: acmhainní lárionaid oibríochtaí TF láraithe lena n-áirítear faireachán agus idirghabháil, e.g. lárionad oibríochtaí líonra (LOL), lárionad oibríochtaí domhanda (LOD),
- slándáil, comhlíontacht, athshlánú ó thubaistí: costais a bhaineann leis an tslándáil, leis an gcomhlíontacht agus leis an ullmhacht athshlánaithe ó thubaistí a shainiú, a bhunú, a fhorfheidhmiú agus a thomhas, áirítear leis sin:
  - slándáil: beartas a leagan síos maidir le hacmhainní slándála TF agus cibearshlándála, próiseas agus modhanna a leagan síos, comhlíontacht a thomhas agus freagairt ar sháruithe slándála agus slándáil oibríochtúil fíor-ama a sholáthar amhail scanadh leochaileachta, bainistiú ballaí dóiteáin, córais coiscthe ionraidh, agus faisnéis slándála agus bainistíocht imeachtaí,
  - comhlíontacht; beartas a leagan síos maidir le hacmhainní comhlíontachta TF, rialuithe a bhunú agus comhlíontacht le ceanglais dhlíthiúla agus chomhlíontachta ábhartha a thomhas,
  - athshlánú ó thubaistí: beartas athshlánaithe ó thubaistí a leagan síos maidir le hacmhainní athshlánaithe ó thubaistí TF, próiseas agus modhanna a bhunú, saoráidí teipaistrithe tiomnaithe, tástáil athshlánaithe ó thubaistí a dhéanamh,

**CAIBIDIL O1 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O1 01 09 *(Ar lean.)*

O1 01 09 03 *(Ar lean.)*

— bonneagar bainistíochta TF (lena n-áirítear lóistíocht): costais i ndáil le bonneagar TF a bhainistiú, a riar agus a phleanáil; áirítear leis sin caiteachas ar chúnamh maidir le bainistíocht feidhmiúcháin, bainistíocht straitéiseach, ailtireacht fiontair, maoiniú TF agus bainistíocht díoltóirí.

**CAIBIDIL O1 02 — GNÍOMHAÍOCHTAÍ SONRACHA**

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***O1 02 01 Foilseacháin***

O1 02 01 01 Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (sraitheanna L agus C)

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 6 700 000 | 2 724 000 | 2 201 950,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid a leanas:

— caiteachas ar tháirgeadh Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, sraitheanna L agus C,

— costais na deisce cabhrach a bhaineann leis an gcóras idirinstitiúideach chun foilseachán bhuiséad an Aontais Eorpaigh a bhainistiú.

*Bunús dlí*

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 297 de.

COIMISIÚN
*OIFIG NA BHFOILSEACHÁN*

**CAIBIDIL O1 02 — GNÍOMHAÍOCHTAÍ SONRACHA** *(Ar lean.)*

O1 02 01 *(Ar lean.)*

O1 02 01 01 *(Ar lean.)*

Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385/58).

Cinneadh ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 1958 lena gcruthaítear Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach (IO 17, 6.10.1958, lch. 419/58).

Cinneadh 2009/496/CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle Eorpach, ón gComhairle, ón gCoimisiún, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iniúchóirí, ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus ó Choiste na Réigiún an 26 Meitheamh 2009, maidir le heagrú agus oibriú Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (IO L 168, 30.6.2009, lch. 41).

Rialachán (AE) Uimh. 216/2013 ón gComhairle an 7 Márta 2013 maidir le foilsiú leictreonach Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (IO L 69, 13.3.2013, lch. 1).

O1 02 01 02 Foilseacháin éigeantacha eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 345 000 | 2 380 000 | 2 302 325,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid a leanas:

— an caiteachas ar chomhdhlúthú ionstraimí dlí an Aontais agus ar ghníomhartha dlí comhdhlúite an Aontais a chur ar fáil don phobal, i ngach foirm agus ar na meáin foilsitheoireachta uile, i ngach teanga oifigiúil den Aontas,

— achoimrí ar reachtaíocht an Aontais a sholáthar ar líne, ina gcuirtear príomhghnéithe reachtaíocht an Aontais i láthair ar bhealach beacht soléite, agus táirgí gaolmhara a fhorbairt,

— na costais táirgeachta le haghaidh thuarascálacha na gcásanna os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i dteannta innéacs foinse chásdlí an Aontais,

— na costais foilseacháin le haghaidh thuarascáil bhliantúil Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,

— caiteachas oibriúcháin eile nach ndéantar foráil maidir leis go sonrach thuas.

*Bunús dlí*

Conclúidí ón gComhairle Eorpach i nDún Éideann, Nollaig 1992 (SN 456/92, Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Cuid A, lch. 5).

**CAIBIDIL O1 02 — GNÍOMHAÍOCHTAÍ SONRACHA** *(Ar lean.)*

O1 02 01 *(Ar lean.)*

O1 02 01 02 *(Ar lean.)*

Dearbhú maidir le cáilíocht dhréachtú reachtaíocht an Chomhphobail, i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chonradh Amstardam.

Cinneadh 2009/496/CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle Eorpach, ón gComhairle, ón gCoimisiún, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iniúchóirí, ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus ó Choiste na Réigiún an 26 Meitheamh 2009, maidir le heagrú agus oibriú Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (IO L 168, 30.6.2009, lch. 41).

Rialacha nós imeachta na Cúirte Breithiúnais (IO L 265, 29.9.2012), agus go háirithe Airteagail 20 agus 40 de.

Rialacha nós imeachta na Cúirte Ginearálta (IO L 105, 23.4.2015), agus go háirithe Airteagail 35 agus 48 de.

*Gníomhartha tagartha*

Rún ón gComhairle an 20 Meitheamh 1994 maidir le scaipeadh leictreonach dhlí an Chomhphobail agus dlíthe náisiúnta cur chun feidhme agus maidir le coinníollacha rochtana feabhsaithe (IO C 179, 1.7.1994, lch. 3).

Teachtaireacht chuig an gCoimisiún an 21 Nollaig 2007, An Chumarsáid faoin Eoraip tríd an Idirlín — Teagmháil leis na Saoránaigh (SEC(2007) 1742).

Teachtaireachtaí ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le tionscnamh na Rialála Cliste, a bhfuil an comhdhlúthú mar chuid lárnach de:

— Rialáil Chliste san Aontas Eorpach (COM(2010) 543 final),

— Oiriúnacht Rialála an Aontais (COM(2012) 746 final),

— Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT): Torthaí agus na Chéad Chéimeanna Eile (COM(2013) 685 final).

Conclúidí ó Chruinniú Mullaigh na Comhairle Eorpaí an 14-15 Márta 2013, áit inar chuir Cinn Stáit agus Rialtais i dtábhacht gur ceann de na tosaíochtaí i gcomhthéacs na n-iarrachtaí chun reachtaíocht an Aontais a shimpliú é dlí an Aontais a chomhdhlúthú.

O1 02 01 03 Foilseacháin ghinearálta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 988 000 | 791 000 | 1 876 186,82 |

COIMISIÚN
*OIFIG NA BHFOILSEACHÁN*

**CAIBIDIL O1 02 — GNÍOMHAÍOCHTAÍ SONRACHA** *(Ar lean.)*

O1 02 01 *(Ar lean.)*

O1 02 01 03 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gach caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí foilsiúcháin, go háirithe:

— foilseacháin a tháirgeadh i ngach foirm (páipéar, meáin leictreonacha), lena n-áirítear comhfhoilsitheoireacht,

— foilseacháin a athphriontáil agus earráidí a bhfuil an Oifig freagrach astu a cheartú,

— trealamh agus bonneagar a cheannach nó a fháil ar cíos chun doiciméid a atáirgeadh i ngach foirm, lena n-áirítear costas an pháipéir agus tomhaltáin eile,

— seirbhísí tacaíochta i réimse na profléitheoireachta,

— caiteachas oibriúcháin eile nach ndéantar foráil maidir leis go sonrach thuas.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 940 000 | 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Cinneadh 2009/496/CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle Eorpach, ón gComhairle, ón gCoimisiún, ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ón gCúirt Iniúchóirí, ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus ó Choiste na Réigiún an 26 Meitheamh 2009, maidir le heagrú agus oibriú Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (IO L 168, 30.6.2009, lch. 41).

***O1 02 02 Caomhnú fadtéarmach***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 182 000 | 3 229 000 | 3 827 676,72 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gach caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí caomhnaithe fhadtéarmaigh, go háirithe:

— catalógú, lena n-áirítear na costais a bhaineann le hanailís dhoiciméadach agus dhlíthiúil go páirteach, innéacsú, sonrú agus dréachtú, ionchur agus cothabháil taifead,

— síntiúis bhliantúla le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta i réimse an chatalógaithe,

**CAIBIDIL O1 02 — GNÍOMHAÍOCHTAÍ SONRACHA** *(Ar lean.)*

O1 02 02 *(Ar lean.)*

— stóráil leictreonach,

— caomhnú fadtéarmach doiciméad leictreonach agus seirbhísí gaolmhara, chomh maith le digitiú,

— caiteachas oibriúcháin eile nach ndéantar foráil maidir leis go sonrach thuas.

*Bunús dlí*

Rún ón gComhairle an 26 Samhain 1974 maidir le doiciméadacht dhlíthiúil a uathoibriú (IO C 20, 28.1.1975, lch. 2).

Rún ón gComhairle an 13 Samhain 1991 maidir le hatheagrú struchtúir oibriúcháin an chórais CELEX (doiciméadacht uathoibrithe dhlí an Chomhphobail (IO C 308, 28.11.1991, lch. 2).

Rún ón gComhairle an 20 Meitheamh 1994 maidir le scaipeadh leictreonach dhlí an Chomhphobail agus dlíthe náisiúnta cur chun feidhme agus maidir le coinníollacha rochtana feabhsaithe (IO C 179, 1.7.1994, lch. 3).

Cinneadh 2009/496/CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle Eorpach, ón gComhairle, ón gCoimisiún, ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ón gCúirt Iniúchóirí, ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus ó Choiste na Réigiún an 26 Meitheamh 2009, maidir le heagrú agus oibriú Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (IO L 168, 30.6.2009, lch. 41).

***O1 02 03 Rochtain agus athúsáid***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 246 000 | 3 361 000 | 4 657 849,26 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gach caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí rochtana agus athúsáide, go háirithe:

— rochtain a sholáthar ar fhaisnéis dhlíthiúil ón Aontas agus ar chineálacha eile ábhair de chuid an Aontais atá ar fáil ar líne,

— athúsáid ábhair chun críocha tráchtála agus neamhthráchtála a éascú,

— forbairt sineirge agus idir-inoibritheachta chun go mbeifear in ann ábhair ó fhoinsí éagsúla a nascadh,

— cothabháil agus forbairt suíomhanna gréasáin poiblí,

— tacaíocht ón deasc chabhrach le haghaidh úsáideoirí suíomhanna gréasáin,

— seirbhísí stórála agus dáilte,

— éadáil agus bainistíocht liostaí seoltaí,

COIMISIÚN
*OIFIG NA BHFOILSEACHÁN*

**CAIBIDIL O1 02 — GNÍOMHAÍOCHTAÍ SONRACHA** *(Ar lean.)*

O1 02 03 *(Ar lean.)*

— cur chun cinn agus margaíocht,

— caiteachas oibriúcháin eile nach ndéantar foráil maidir leis go sonrach thuas.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 200 000 | 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Cinneadh 2009/496/CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle Eorpach, ón gComhairle, ón gCoimisiún, ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ón gCúirt Iniúchóirí, ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus ó Choiste na Réigiún an 26 Meitheamh 2009, maidir le heagrú agus oibriú Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (IO L 168, 30.6.2009, lch. 41).

**CAIBIDIL O1 10 — CÚLCHISTÍ**

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***O1 10 01 Leithreasuithe sealadacha***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Is leithreasuithe sealadacha amháin atá sna leithreasuithe a iontráiltear san airteagal seo agus ní fhéadfar iad a úsáid go dtí go mbeidh siad aistrithe chuig ceannteideal buiséid eile i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

***O1 10 02 Cúlchiste teagmhasach***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

**AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE**

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

# IONCAM

*TEIDEAL 3*

## IONCAM RIARACHÁIN

### CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 0 | | | | |
| **3 0 0** | ***Cánacha agus tobhaigh*** | | | | |
| 3 0 0 0 | Cáin ar luach saothair | 1 087 000 | 1 064 000 | 895 627,23 | 82,39 |
| 3 0 0 1 | Tobhaigh speisialta ar luach saothair | 227 000 | 221 000 | 186 921,11 | 82,34 |
| | *Airteagal 3 0 0 — IOMLÁN* | 1 314 000 | 1 285 000 | 1 082 548,34 | 82,39 |
| **3 0 1** | ***Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin*** | | | | |
| 3 0 1 0 | Ranníocaíochtaí na foirne leis an scéim pinsin | 1 358 000 | 1 221 000 | 1 018 470,79 | 75 |
| | *Airteagal 3 0 1 — IOMLÁN* | 1 358 000 | 1 221 000 | 1 018 470,79 | 75 |
| | CAIBIDIL 3 0 — IOMLÁN | 2 672 000 | 2 506 000 | 2 101 019,13 | 78,63 |
| | **Teideal 3 — IOMLÁN** | **2 672 000** | **2 506 000** | **2 101 019,13** | **78,63** |

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

*TEIDEAL 3*

**IONCAM RIARACHÁIN**

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN**

***3 0 0 Cánacha agus tobhaigh***

3 0 0 0 Cáin ar luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 087 000 | 1 064 000 | 895 627,23 |

*Barúlacha*

Is é atá san ioncam sin na fáltais uile ón gcáin ar thuarastail, pá agus liúntais oifigeach agus seirbhíseach eile a asbhaintear gach mí ó thuarastail fhoireann na hOifige.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 260/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos na coinníollacha agus an nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm na cánach chun sochar na gComhphobal Eorpach (IO L 56, 4.3.1968, lch. 8).

*Gníomhartha tagartha*

Prótacal maidir le pribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 12 de.

3 0 0 1 Tobhaigh speisialta ar luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 227 000 | 221 000 | 186 921,11 |

*Barúlacha*

Is é atá san ioncam seo na fáltais uile ón ranníocaíocht shealadach ó luach saothair oifigeach agus seirbhíseach eile i bhfostaíocht ghníomhach a asbhaintear ó thuarastail fhoireann na hOifige.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 66a de.

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN** *(Ar lean.)*

3 0 0 *(Ar lean.)*

3 0 0 1 *(Ar lean.)*

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 20(3) de sin.

***3 0 1 Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin***

3 0 1 0 Ranníocaíochtaí na foirne leis an scéim pinsin

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 358 000 | 1 221 000 | 1 018 470,79 |

*Barúlacha*

Is é atá san ioncam seo na ranníocaíochtaí uile a asbhaintear gach mí ó thuarastail fhoireann na hOifige, i gcomhréir le hAirteagal 83(2) de na Rialacháin Foirne agus a úsáidtear chun an scéim pinsin a mhaoiniú.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

*TEIDEAL 6*

## IONCAM, RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE BEARTAIS AN AONTAIS

### CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 6 6 | | | | |
| **6 6 8** | ***Ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile* — *Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 6 6 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Teideal 6 — IOMLÁN** | **p.m.** | **p.m.** | **0,—** | |

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

*TEIDEAL 6*

## IONCAM, RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE BEARTAIS AN AONTAIS

### CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE

**6 6 8** ***Ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá an t-airteagal seo beartaithe chun aon ioncam a fháil, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, nach ndéantar foráil maidir leis i gcodanna eile de Theideal 6 agus a úsáidtear chun leithreasuithe breise a sholáthar chun caiteachas dá bhfuil an t-ioncam seo sannta a mhaoiniú.

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

## CAITEACHAS

*TEIDEAL O2*

## AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

### CAIBIDIL O2 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL O2 01 | | | | |
| ***O2 01 01*** | ***Oifigigh agus pearsanra sealadach*** | | | | |
| O2 01 01 01 | Luach saothair agus liúntais | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 13 566 000 | 13 294 000 | 11 383 810,76 | 83,91 |
| O2 01 01 02 | Costais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 47 000 | 45 000 | 0,— | |
| O2 01 01 03 | Beartas agus bainistiú an phearsanra | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal O2 01 01 — IOMLÁN* | 13 613 000 | 13 339 000 | 11 383 810,76 | 83,62 |
| ***O2 01 02*** | ***Pearsanra seachtrach*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 864 000 | 1 796 000 | 1 491 000,— | 79,99 |
| ***O2 01 03*** | ***Caiteachas bainistíochta eile*** | | | | |
| O2 01 03 01 | Costais mhisean agus ionadaíochta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 200 000 | 230 000 | 140 000,— | 70 |
| O2 01 03 02 | Speansais a bhaineann le cruinnithe, grúpaí saineolaithe agus comhdhálacha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 000 | 1 600 | 0,— | |
| O2 01 03 03 | Staidéir agus comhairliúcháin | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

**CAIBIDIL O2 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **O2 01 03** | *(Ar lean.)* | | | | |
| O2 01 03 04 | Oiliúint bhreise agus oiliúint bainistíochta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 42 000 | 42 000 | 21 000,— | 50 |
| O2 01 03 05 | Cruinnithe inmheánacha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 7 000 | 8 000 | 15 774,— | 225,34 |
| | *Airteagal O2 01 03 — IOMLÁN* | 250 000 | 281 600 | 176 774,— | 70,71 |
| **O2 01 04** | ***Bonneagar agus lóistíocht*** | | | | |
| O2 01 04 01 | Cíosanna agus ceannacháin | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 660 000 | 1 402 000 | 1 546 000,— | 93,13 |
| O2 01 04 02 | Caiteachas a bhaineann le foirgnimh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 684 000 | 647 000 | 519 000,— | 75,88 |
| O2 01 04 03 | Trealamh agus troscán | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 8 000 | 10 000 | 10 000,— | 125 |
| O2 01 04 04 | Seirbhísí agus caiteachas oibriúcháin eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 50 400 | 57 300 | 49 000,— | 97,22 |
| | *Airteagal O2 01 04 — IOMLÁN* | 2 402 400 | 2 116 300 | 2 124 000,— | 88,41 |
| **O2 01 05** | ***Caiteachas slándála agus rialaithe*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 322 000 | 322 000 | 322 000,— | 100 |
| **O2 01 06** | ***Caiteachas doiciméadachta agus leabharlainne*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 414,03 | |
| **O2 01 07** | ***Beartas agus bainistiú an bhonneagair*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **O2 01 08** | ***Caiteachas a bhaineann le cúrsaí dlí*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |

**CAIBIDIL O2 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL O2 02 — COMHAR IDIRINSTITIÚIDEACH, SEIRBHÍSÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ IDIRINSTITIÚIDEACHA**
**CAIBIDIL O2 03 — AN SCOIL RIARACHÁIN EORPACH (EUSA)**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***O2 01 09*** | ***Teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide*** | | | | |
| O2 01 09 01 | Córais faisnéise | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 935 000 | 1 635 000 | 1 710 665,61 | 88,41 |
| O2 01 09 02 | Ionad oibre digiteach | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 224 000 | 269 000 | 198 000,— | 88,39 |
| O2 01 09 03 | Lárionad Sonraí agus seirbhísí líonraithe | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 355 000 | 567 000 | 630 823,42 | 177,70 |
| | *Airteagal O2 01 09 — IOMLÁN* | 2 514 000 | 2 471 000 | 2 539 489,03 | 101,01 |
| | CAIBIDIL O2 01 — IOMLÁN | 20 965 400 | 20 325 900 | 18 037 487,82 | 86,03 |
| | CAIBIDIL O2 02 | | | | |
| ***O2 02 01*** | ***Comórtais idirinstitiúideacha*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 4 000 000 | 4 817 000 | 4 176 210,97 | 104,41 |
| | CAIBIDIL O2 02 — IOMLÁN | 4 000 000 | 4 817 000 | 4 176 210,97 | 104,41 |
| | CAIBIDIL O2 03 | | | | |
| ***O2 03 01*** | ***Oiliúint bhainistíochta*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 326 000 | 1 326 000 | 1 627 231,19 | 122,72 |
| ***O2 03 02*** | ***Cúrsaí ionduchtaithe*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 867 000 | 867 000 | 575 968,50 | 66,43 |
| ***O2 03 03*** | ***Oiliúint le haghaidh deimhnithe*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 561 000 | 561 000 | 550 800,31 | 98,18 |
| | CAIBIDIL O2 03 — IOMLÁN | 2 754 000 | 2 754 000 | 2 754 000,— | 100 |

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

## CAIBIDIL O2 10 — CÚLCHISTÍ

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL O2 10 | | | | |
| ***O2 10 01*** | ***Leithreasuithe sealadacha*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***O2 10 02*** | ***Cúlchiste teagmhasach*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL O2 10 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Teideal O2 — IOMLÁN** | **27 719 400** | **27 896 900** | **24 967 698,79** | **90,07** |

*TEIDEAL O2*

## AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

### CAIBIDIL O2 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Rialacha lena rialaítear ainmníocht agus luach saothair agus coinníollacha airgeadais eile a ghlacann an Coimisiún.

#### *O2 01 01 Oifigigh agus pearsanra sealadach*

O2 01 01 01 Luach saothair agus liúntais

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 13 566 000 | 13 294 000 | 11 383 810,76 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid seo a leanas i leith oifigigh agus foireann shealadach a shealbhaíonn poist ar an bplean bunaíochta:

- tuarastail, liúntais agus íocaíochtaí a bhaineann le tuarastail,
- árachas timpiste agus breoiteachta agus muirir slándála sóisialta eile,
- árachas dífhostaíochta le haghaidh foireann shealadach agus íocaíochtaí ón institiúid chun bheith ina gcearta pinsin nó chun cearta pinsin a choinneáil ar bun lena haghaidh ina tír thionscnaimh,
- liúntais ilghnéitheacha agus deontais,
- costas na n-ualuithe a chuirtear i bhfeidhm maidir le luach saothair oifigeach agus foirne sealadaí agus costas na n-ualuithe a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an gcuid de na díolaíochtaí a aistrítear chuig tír seachas tír na fostaíochta,
- costas aon nuashonruithe ar luach saothair le linn na bliana airgeadais,

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

**CAIBIDIL O2 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O2 01 01 *(Ar lean.)*

O2 01 01 01 *(Ar lean.)*

— liúntais ráta comhréidh agus íocaíochtaí ag rátaí in aghaidh na huaire le haghaidh na ragobibre a d'oibrigh oifigigh i gcatagóir AST agus a d'oibrigh baill foirne áitiúla nach bhféadfaí saoire chúiteach a thabhairt dóibh i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos,

— liúntas cothaithe laethúil le haghaidh oifigigh agus foireann shealadacha sholáthraíonn fianaise nach mór dóibh a n-áit chónaithe a athrú nuair a théann siad i mbun dualgais nó nuair a aistríonn siad chuig áit fostaíochta nua,

— speansais fhorlíontacha a eascraíonn as oifigigh an Aontais a bheith ar iasacht, i.e. chun na liúntais a íoc agus caiteachas a bhfuil siad ina theideal mar gheall ar an iasacht a aisíoc, chomh maith leis na costais a bhaineann le scéimeanna oiliúna speisialta le húdaráis agus comhlachtaí sna Ballstáit agus i dtríú tíortha.

O2 01 01 02 Costais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 47 000 | 45 000 | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid seo a leanas le haghaidh oifigigh agus foireann shealadach a shealbhaíonn poist ar an bplean bunaíochta:

— speansais taistil atá dlite d'oifigigh agus d'fhoireann shealadach (lena n-áirítear a dteaghlaigh) nuair a théann siad i mbun dualgais, nuair a fhágann siad an institiúid nó nuair a aistríonn siad chuig áit fostaíochta eile,

— liúntais suiteála agus athlonnaithe atá dlite d'oifigigh agus foireann shealadach ar a bhfuil oibleagáid a n-áit chónaithe a athrú nuair a théann siad i mbun dualgais, nuair a aistríonn siad chuig áit fostaíochta nua agus nuair a fhágann siad an tseirbhís go cinntitheach agus go n-athlonnaíonn siad in áit eile,

— costais aistrithe atá dlite d'oifigigh agus foireann shealadach ar a bhfuil oibleagáid a n-áit chónaithe a athrú nuair a théann siad i mbun dualgais, nuair a aistríonn siad chuig áit fostaíochta nua agus nuair a fhágann siad an tseirbhís go cinntitheach agus go n-athlonnaíonn siad in áit eile.

O2 01 01 03 Beartas agus bainistiú an phearsanra

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

**CAIBIDIL O2 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O2 01 01 *(Ar lean.)*

O2 01 01 03 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar:

— cabhair chomhchineáil is féidir a sholáthar d'oifigigh, iar-oifigigh nó marthanóirí oifigeach a fuair bás agus atá i gcúinsí fíordheacra,

— ranníocaíocht na hOifige le costais an lárionaid áineasa agus le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh chultúrtha agus spóirt eile chun teagmháil shóisialta a chur chun cinn idir foireann náisiúntachtaí éagsúla,

— ranníocaíocht na hOifige le costais an Lárionaid Luath-Óige agus naíolanna eile agus le haghaidh iompar scoile,

— caiteachas le haghaidh na gcatagóirí daoine seo a leanas, mar chuid de bheartas chun cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas:

  — oifigigh agus foireann shealadach a bhfuil stádas gníomhach acu,

  — céilí oifigeach agus foirne sealadaí a bhfuil stádas gníomhach acu,

  — na leanaí cleithiúnacha uile de réir bhrí na Rialachán Foirne.

Cumhdaítear leis, laistigh de theorainneacha an mhéid arna iontráil sa bhuiséad agus tar éis aon teidlíocht náisiúnta a dheonaítear sa tír chónaithe nó thionscnaimh a bheith éilithe, aon chaiteachas neamhliachta a bhfuil bunús iomchuí leis a aithnítear go bhfuil gá leis agus a eascraíonn as míchumas.

***O2 01 02 Pearsanra seachtrach***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 864 000 | 1 796 000 | 1 491 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar:

— luach saothair foirne ar conradh (de réir bhrí Theideal IV de na Coinníollacha Fostaíochta), scéim árachais shóisialta na hinstitiúide lena gcumhdaítear foireann ar conradh, mar a thuairiscítear i dTeideal IV, agus costas na n-ualuithe is infheidhme maidir le luach saothair na foirne sin,

— caiteachas a tabhaíodh (luach saothair, árachas, etc.) trí úsáid a bhaint as foireann sheachtrach ar conradh faoin dlí príobháideach agus as foireann gníomhaireachta,

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

**CAIBIDIL O2 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O2 01 02 *(Ar lean.)*

— costais phearsanra a áirítear i gconarthaí seirbhíse le haghaidh fochonraitheoireacht theicniúil agus riaracháin, cúnamh forlíontach agus soláthar seirbhísí intleachtúla,

— an costas a bhaineann le státseirbhísigh náisiúnta nó saineolaithe eile ar iasacht nó sannacháin shealadacha don Oifig agus speansais fhorlíontacha a eascraíonn as oifigigh a thabhairt ar iasacht chuig státseirbhísí náisiúnta nó eagraíochtaí idirnáisiúnta,

— costas aon uasdátaithe ar luach saothair le linn na bliana airgeadais.

***O2 01 03 Caiteachas bainistíochta eile***

O2 01 03 01 Costais mhisean agus ionadaíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 200 000 | 230 000 | 140 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas seo a leanas:

— speansais taistil, liúntais chothaithe laethúla agus caiteachas breise nó eisceachtúil a thabhaítear i dtaca le misin na mball foirne a chumhdaítear leis na Rialacháin Foirne agus le misin saineolaithe náisiúnta nó idirnáisiúnta nó oifigeach ar iasacht,

— aisíoc costas a thabhaíonn daoine a dhéanann ionadaíocht oifigiúil don Oifig (níl aisíoc indéanta le haghaidh speansais a thabhaítear i bhfeidhmiú dualgas ionadaíochta maidir le foireann an Choimisiúin nó institiúidí eile den Aontas).

— ranníocaíochtaí slándála sóisialta, speansais taistil agus liúntais chothabhála saor-ateangairí agus ateangairí eile neamhbhuana a ghlaonn Ateangaireacht DG isteach le bheith ag cruinnithe a eagraíonn an Oifig nach féidir le hateangairí an Choimisiúin (oifigigh nó baill foirne shealadacha) a dhéanamh.

O2 01 03 02 Speansais a bhaineann le cruinnithe, grúpaí saineolaithe agus comhdhálacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 000 | 1 600 | 0,— |

**CAIBIDIL O2 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O2 01 03 *(Ar lean.)*

O2 01 03 02 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas seo a leanas:

- speansais taistil, chothaithe agus theagmhasacha saineolaithe atá rannpháirteach i ngrúpaí staidéir agus i meithleacha, agus an costas a bhaineann leis na cruinnithe sin a eagrú i gcás nach gcumhdaítear iad leis an mbonneagar atá ann cheana i gceanncheathrú na n-institiúidí ná sna hoifigí seachtracha (aisíoctar saineolaithe ar bhonn cinntí a dhéanann an Coimisiún),
- caiteachas ilghnéitheach a bhaineann le comhdhálacha, comhthionóil agus cruinnithe ina bhfuil an Oifig rannpháirteach,
- ranníocaíochtaí slándála sóisialta, speansais taistil agus liúntais chothabhála saor-ateangairí agus ateangairí eile neamhbhuana a ghlaonn Ateangaireacht DG isteach le bheith ag cruinnithe a eagraíonn an Oifig, ar cruinnithe iad nach féidir le hateangairí an Choimisiúin (oifigigh nó baill foirne shealadacha) ateangaireacht a dhéanamh lena n-aghaidh.

O2 01 03 03 Staidéir agus comhairliúcháin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar staidéir speisialaithe agus ar chomhairliúcháin a chuirtear amach ar conradh do shaineolaithe ardcháilithe (daoine aonair nó gnólachtaí) mura bhfuil foireann oiriúnach ar fáil ag an gCoimisiún chun na staidéir sin a dhéanamh. Cumhdaítear leis sin freisin ceannachán staidéar a rinneadh cheana nó síntiúis le hinstitiúidí taighde speisialaithe.

O2 01 03 04 Oiliúint bhreise agus oiliúint bainistíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 42 000 | 42 000 | 21 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas seo a leanas:

- caiteachas ar oiliúint chun feabhas a chur ar scileanna ball foirne agus feidhmíocht agus éifeachtúlacht na hOifige:
  - táillí saineolaithe atá fostaithe chun riachtanais oiliúna a shainaithint, cúrsaí a dhearadh, a fhorbairt agus a reáchtáil agus meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar thorthaí,

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

**CAIBIDIL O2 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O2 01 03 *(Ar lean.)*

O2 01 03 04 *(Ar lean.)*

— táillí sainchomhairleoirí i réimsí éagsúla, go háirithe modhanna eagraíochtúla, bainistíocht, straitéis, cáilíocht agus bainistiú an phearsanra,

— an costas a bhaineann le freastal ar oiliúint sheachtrach agus le dul i bpáirt leis na heagraíochtaí gairmiúla ábhartha,

— caiteachas i ndáil leis na gnéithe praiticiúla a bhaineann le cúrsaí a eagrú, úsáid áitribh, iompar, béilí agus cóiríocht le haghaidh rannpháirtithe i gcúrsaí cónaithe,

— caiteachas oiliúna a bhaineann le foilseacháin agus faisnéis, suíomhanna idirlín bainteacha agus ceannachán trealaimh teagaisc, síntiús agus ceadúnas le haghaidh cianteagaisc, leabhar, táirgí preasa agus ilmheán,

— maoiniú áiseanna teagaisc.

O2 01 03 05 Cruinnithe inmheánacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 7 000 | 8 000 | 15 774,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas a bhaineann le sólaistí agus bia a riartar ar ócáidí speisialta le linn cruinnithe inmheánacha, go háirithe cruinnithe bord roghnúcháin agus aistritheoirí.

***O2 01 04 Bonneagar agus lóistíocht***

*Bunús dlí*

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte le haghaidh obair le trealamh scáileán taispeána (an cúigiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 156, 21.6.1990, lch. 14).

O2 01 04 01 Cíosanna agus ceannacháin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 660 000 | 1 402 000 | 1 546 000,— |

**CAIBIDIL O2 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O2 01 04 *(Ar lean.)*

O2 01 04 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas eile lena mbaineann, lena n-áirítear íocaíocht cíosanna agus muirir léasúcháin a bhaineann le foirgnimh nó codanna d'fhoirgnimh ar áitiú, agus seomraí comhdhála, seomraí stórais, garáistí agus saoráidí páirceála a fhruiliú.

O2 01 04 02 Caiteachas a bhaineann le foirgnimh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 684 000 | 647 000 | 519 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear:

— préimheanna árachais ar fhoirgnimh nó codanna d'fhoirgnimh atá ar áitiú ag an Oifig,

— muirir uisce, gáis, leictreachais agus téimh i leith na bhfoirgneamh nó codanna d'fhoirgnimh atá ar áitiú ag an Oifig,

— costais chothabhála, a ríomhtar ar bhonn conarthaí reatha, le haghaidh áitribh, ardaitheoirí, téamh lárnach, trealamh aerchóiriúcháin, etc.; is é is údar leis an gcaiteachas oibríochtaí glantacháin tráthrialta, ceannachán táirgí cothabhála, níocháin, neachtlainne agus tirimghlantacháin, etc., agus athphéinteáil, deisiú agus soláthairtí a úsáideann na ceardlanna cothabhála,

— caiteachas ar chóireáil, stóráil agus baint dramhaíola roghnaíoch,

— athchóiriú foirgneamh, e.g. athruithe ar dheighilt, athruithe ar shuiteálacha teicniúla agus obair speisialaithe eile ar ghlais, trealamh leictreach, pluiméireacht, péinteáil agus clúdaigh urláir, agus an costas a bhaineann le hathruithe a dhéanamh ar an gcáblú atá bainteach le daingneáin, agus an costas a bhaineann leis an trealamh is gá,

— costas na dtáillí comhairliúcháin dlí, airgeadais agus teicniúla roimh fhoirgnimh a fháil, a ligean ar cíos nó a thógáil,

— caiteachas eile ar fhoirgnimh, go háirithe táillí bainistíochta le haghaidh foirgnimh iltionóntaithe, costais a bhaineann le suirbhéanna a dhéanamh ar áitreabh agus muirir le haghaidh fóntas (bailiú bruscair etc.),

— táillí cúnaimh theicniúil a bhaineann le mórobair athfheistiúcháin ar áitreabh,

Sula ndéantar conarthaí ar mhéid de bhreis ar EUR 300 000 a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, agus d'fhonn caiteachas a réasúnú, ní mór don Oifig dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile maidir leis na coinníollacha (praghas, an t-airgeadra roghnaithe, innéacsú, fad, clásail eile) a fhaigheann gach ceann díobh le haghaidh conradh comhchosúil.

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

**CAIBIDIL O2 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O2 01 04 *(Ar lean.)*

O2 01 04 03 Trealamh agus troscán

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 8 000 | 10 000 | 10 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear:

- trealamh teicniúil agus suiteálacha a cheannach, a fhruiliú nó a léasú, a chothabháil, a dheisiú, a shuiteáil agus a athnuachan, agus go háirithe:
  - trealamh (lena n-áirítear fótachóipeálaithe) chun doiciméid a tháirgeadh, a atáirgeadh agus a chartlannú in aon fhoirm (páipéar, meáin leictreonacha),
  - trealamh closamhairc, leabharlainne agus ateangaireachta (bothanna, gléasanna cinn agus aonaid mhalartáin le haghaidh áiseanna ateangaireachta comhuainí etc.),
  - feistithe cistine agus trealamh bialainne,
  - uirlisí éagsúla le haghaidh na gceardlann cothabhála foirgneamh,
  - áiseanna is gá le haghaidh oifigigh faoi mhíchumas,
  - staidéir, doiciméadacht agus oiliúint a bhaineann le trealamh den sórt sin,
- troscán a cheannach, a fhruiliú, a chothabháil agus a dheisiú, agus go háirithe:
  - troscán oifige agus troscán speisialaithe a cheannach, lena n-áirítear troscán eirgeanamaíoch, seilfeanna le haghaidh cartlann, etc.,
  - troscán atá caite agus briste a athsholáthar,
  - soláthairtí trealamh speisialta le haghaidh leabharlann (innéacsanna cárta, seilfeanna, aonaid chatalóige, etc.),
  - feistithe sonracha le haghaidh ceaintíní agus bialann,
  - troscán a fhruiliú,
  - costais chothabhála agus deisithe troscáin.

Sula ndéantar conarthaí ar mhéid de bhreis ar EUR 300 000 a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, agus d'fhonn caiteachas a réasúnú, ní mór don Oifig dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile maidir leis na coinníollacha (praghas, an t-airgeadra roghnaithe, innéacsú, fad, clásail eile) a fhaigheann gach ceann díobh le haghaidh conradh comhchosúil.

**CAIBIDIL O2 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O2 01 04 *(Ar lean.)*

O2 01 04 04 Seirbhísí agus caiteachas oibriúcháin eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 50 400 | 57 300 | 49 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear:

— caiteachas ar threalamh oibre, agus go háirithe:

  — ceannachán éidí le haghaidh teachtairí urláir agus tiománaithe,

  — ceannachán agus glantachán éadaí oibre le haghaidh na foirne ceardlainne agus na foirne ar a gceanglaítear obair a dhéanamh ar gá cosaint ina haghaidh ar dhrochaimsir nó aimsir fhuar, caitheamh agus salachar neamhghnách,

  — ceannachán nó aisíoc aon trealaimh a bhféadfaidh gá a bheith leis de bhun Threoracha 89/391/CEE agus 90/270/CEE,

— aistrithe roinne agus atheagruithe agus láimhseáil (tógáil seachadta, stóráil, seachadadh) i leith trealaimh, troscáin agus soláthairtí oifige,

— an costas a bhaineann le páipéar, clúdaigh litreach, soláthairtí oifige agus soláthairtí le haghaidh na siopaí priontála a cheannach, agus le priontáil áirithe a dhéanann soláthraithe seirbhíse seachtracha,

— muirir phoist agus sheachadta ar phost, tuarascálacha agus foilseacháin, agus ar phacáistí poist agus pacáistí eile a sheoltar d'aer, de mhuir nó d'iarnród, agus post inmheánach na hOifige.

Cumhdaítear leis an leithreasú seo freisin caiteachas oibriúcháin eile nach ndéantar foráil maidir leis go sonrach thuas, amhail táillí clárúcháin comhdhála (seachas speansais oiliúna), síntiúis le cumainn trádála agus eolaíochta, costais iontrálacha in eolairí teileafóin.

Sula ndéantar conarthaí ar mhéid de bhreis ar EUR 300 000 a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, agus d'fhonn caiteachas a réasúnú, ní mór don Oifig dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile maidir leis na coinníollacha (praghas, an t-airgeadra roghnaithe, innéacsú, fad, clásail eile) a fhaigheann gach ceann díobh le haghaidh conradh comhchosúil.

***O2 01 05 Caiteachas slándála agus rialaithe***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 322 000 | 322 000 | 322 000,— |

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

**CAIBIDIL O2 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O2 01 05 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear:

— speansais a bhaineann le slándáil fhisiceach agus ábhartha daoine agus maoine, go háirithe conarthaí chun foirgnimh a ghardáil, conarthaí chun suiteálacha slándála a chothabháil agus mionbhaill trealaimh a cheannach,

— speansais a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht daoine aonair ag an obair, go háirithe trealamh comhraicthe dóiteáin a cheannach, a fhruiliú agus a chothabháil, ionadú trealaimh le haghaidh picéid dóiteáin agus costais a bhaineann le hiniúchadh reachtúil.

Sula ndéantar conarthaí ar mhéid de bhreis ar EUR 300 000 a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, agus d'fhonn caiteachas a réasúnú, ní mór don Oifig dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile maidir leis na coinníollacha (praghas, an t-airgeadra roghnaithe, innéacsú, fad, clásail eile) a fhaigheann gach ceann díobh le haghaidh conradh comhchosúil.

*Bunús dlí*

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte le haghaidh obair le trealamh scáileán taispeána (an cúigiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 156, 21.6.1990, lch. 14).

***O2 01 06 Caiteachas doiciméadachta agus leabharlainne***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 414,03 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le suíomh inlín na hOifige a tháirgeadh agus a fhorbairt mar chuid de shuíomh inlín an Choimisiúin (My IntraComm), síntiúis chun breathnú ar sheirbhísí sonraí, an costas a bhaineann le ceangal agus caiteachas eile is gá chun leabhair agus foilseacháin a chaomhnú, caiteachas ar shíntiúis le nuachtáin, tréimhseacháin speisialaithe, agus ceannachán foilseachán agus saothar teicniúil i dtaca le gníomhaíochtaí na hOifige.

### *O2 01 07 Beartas agus bainistiú an bhonneagair*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais reatha agus an costais chlaochlúcháin le haghaidh bialann, caifitéirí agus ceaintíní.

### *O2 01 08 Caiteachas a bhaineann le cúrsaí dlí*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na damáistí atá le seasamh ag an Oifig agus iad sin a eascraíonn as dliteanas tríú páirtí, agus caiteachas a bhaineann le cásanna áirithe inar gá, ar chúiseanna cothromais, cúiteamh a íoc gan aon éileamh dlíthiúil ag eascairt as sin.

### *O2 01 09 Teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide*

*Bunús dlí*

Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach (IO L 6, 11.1.2017, lch. 40).

Cinneadh (AE, Euratom) 2018/559 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2018 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh Airteagal 6 de Chinneadh (AE, Euratom) 2017/46 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach (IO L 93, 11.4.2018, lch. 4).

Cúraimí a eascraíonn as sainphribhléidí an Choimisiúin ar an leibhéal institiúideach, mar a fhoráiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

**CAIBIDIL O2 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O2 01 09 *(Ar lean.)*

O2 01 09 01 Córais faisnéise

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 935 000 | 1 635 000 | 1 710 665,61 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar córais faisnéise (i.e. feidhmchláir) na hOifige agus caiteachas gaolmhar. Áirítear ina raon feidhme costas na mbogearraí gnó agus na costais a bhaineann le feidhmchláir a fhorbairt, a bhainistiú agus a reáchtáil le haghaidh na hOifige. Cumhdaítear leis an méid seo a leanas go háirithe:

— forbairt córas faisnéise: acmhainní a bhaineann leis na seirbhísí pacáistíochta anailíse, dearaidh, forbartha, cóid, tástála agus scaoilte atá bainteach le tionscadail forbartha feidhmchlár,

— tacaíocht agus cothabháil le haghaidh córais faisnéise: na hoibríochtaí, an tacaíocht, an réiteach agus na mionfheabhsuithe atá bainteach le feidhmchláir atá ann cheana,

— éadáil bogearraí gnó: caiteachais bogearraí, lena n-áirítear ceadúnú, cothabháil agus tacaíocht a bhaineann le ceannacháin bogearraí réamhdhéanta,

— bainistiú na gcóras faisnéise: costais i ndáil le bainistiú, riar agus pleanáil TF, lena n-áirítear caiteachas le haghaidh cúnamh maidir le bainistíocht feidhmiúcháin, bainistíocht straitéiseach, ailtireacht fiontair, maoiniú TF agus bainistiú díoltóirí.

O2 01 09 02 Ionad oibre digiteach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 224 000 | 269 000 | 198 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gairis ríomhaireachta úsáideora deiridh agus tacaíocht le haghaidh úsáideoirí deiridh. Áirítear ina raon feidhme costais chun gairis ríomhaireachta úsáideora deiridh a cheannach, a thógáil, a bhainistiú agus a reáchtáil, agus tacaíocht láraithe a sheachadadh ar úsáideoirí deiridh san Oifig. Cumhdaítear leis an méid seo a leanas go háirithe:

— bonneagar ríomhaireachta pearsanta: deasca fisiceacha ríomhaireachta cliant, ríomhairí glúine iniompartha, meaisíní caolchliant, forimeallaithe (lena n-áirítear monatóirí, gairis phointeora agus printéirí pearsanta ceangailte) a úsáideann daoine aonair chun obair a dhéanamh,

— gairis shoghluaiste: táibléid ríomhaireachta cliant, fóin chliste agus aipeanna a úsáideann daoine aonair chun obair a dhéanamh,

O2 01 09 *(Ar lean.)*

O2 01 09 02 *(Ar lean.)*

— bogearraí úsáideora deiridh: bogearraí a bhaineann le cliaint a úsáidtear chun doiciméid agus inneachar eile, amhail ríomhphoist, cumarsáid, teachtaireachtaí, próiseáil focal, scarbhileoga, cuir i láthair, foilsitheoireacht deisce agus grafaicí a scríobh, a chruthú, a chomhoibriú agus a chomhroinnt,

— printéirí líonra: printéirí pearsanta nasctha le líonra, scairdphrintéirí dúigh, printéirí léasair, printéirí roinne nó cóipsheomra, etc.,

— comhdháil agus closchomhdháil/físchomhdháil: trealamh closchomhdhála agus físchomhdhála a úsáidtear go hiondúil i seomraí comhdhála agus seomraí teilealáithreachta tiomnaithe chun go mbeidh an lucht saothair in ann cumarsáid a dhéanamh lena chéile,

— deasc chabhrach TF: acmhainní deisce cabhrach Leibhéal 1 láraithe a láimhseálann iarrataí úsáideora, a fhreagraíonn ceisteanna agus a réitíonn saincheisteanna,

— tacaíocht in aice láimhe: acmhainní tacaíochta áitiúla a sholáthraíonn tacaíocht ar an láthair le haghaidh aistrithe, suimithe, athruithe agus réiteach saincheisteanna praiticiúil.

O2 01 09 03 Lárionad Sonraí agus seirbhísí líonraithe

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 355 000 | 567 000 | 630 823,42 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais a bhaineann le saoráidí Lárionaid Sonraí agus seirbhísí cumarsáide, chomh maith le costais a bhaineann le slándáil agus comhlíontacht TF. Cumhdaítear leis an méid seo a leanas go háirithe:

— saoráidí Lárionaid Sonraí: saoráidí lárionaid sonraí saintógtha ina bhfuil trealamh criticiúil TF agus ina gcosnaítear an méid sin lena n-áirítear an spás, an chumhacht, na rialuithe comhshaoil, na racaí, an cáblú agus tacaíocht 'lámh chliste'; áirítear leis sin saoráidí eile amhail seomraí ríomhairí agus clóiséid ina bhfuil trealamh TF i gceanncheathrú corparáideach, lárionaid glaonna nó foirgnimh oifige ilfhóinteacha eile,

— ríomhaireacht ar áitreabh agus néalbhunaithe; áirítear leis sin:

  — freastalaithe: freastalaithe fisiceacha agus fíorúla a ritear ar chórais oibriúcháin éagsúla; áirítear leis sin crua-earraí, bogearraí agus seirbhísí tacaíochta,

  — bonneagar comhtháite: fearais saintógtha a sholáthraíonn cumais ríomhaireachta, stórála agus líonra i mbosca amháin,

  — mór-ríomhaire: mór-ríomhairí agus oibríochtaí traidisiúnta a úsáideann córais oibríochta oidhreachta,

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

**CAIBIDIL O2 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O2 01 09 *(Ar lean.)*

O2 01 09 03 *(Ar lean.)*

— stóráil ar an áitreabh agus néalbhunaithe: soláthraítear stóráil sonraí láraithe inti agus sealbhaítear faisnéis agus sonraí inti atá le haisghabháil níos déanaí. Féadfar sonraí a choinneáil i stóráil le haghaidh feidhmchlár agus cód, bunachair sonraí, comhad, meán, ríomhphost agus foirmeacha eile faisnéise. Áirítear léi trealamh agus bogearraí le haghaidh stóráil ar líne (le haghaidh an bhonneagair ríomhaireachta dháilte) agus stóráil as líne (le haghaidh cartlannaithe, cúltaca agus athshlánaithe chun tacú le caillteanas sonraí, truailliú sonraí, athshlánú ó thubaistí agus ceanglais chomhlíontachta),

— líonra: sonraí agus trealamh gutha i dteannta na modhanna iompair chun córais agus daoine a nascadh agus chun a chumasú do dhaoine comhrá a dhéanamh le chéile, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

  — LAN/WAN: líonra achair logánta fisiceach agus gan sreang a cheanglaíonn trealamh laistigh de na lárionaid bunsonraí agus a cheanglaíonn úsáideoirí deiridh i limistéir oibre oifige le líonraí níos leithne na heagraíochta, agus trealamh agus seirbhísí tacaíochta líonra achair fhairsing a cheanglaíonn lárionaid sonraí, oifigí agus tríú páirtithe go díreach,

  — guth: acmhainní gutha a chumasaíonn nó a dháileann seirbhísí gutha trí threalamh ar áitreabh lena n-áirítear PBX, VoIP, glórphost agus sásanna láimhe,

  — iompar: ciorcaid líonra sonraí agus saoráidí agus seirbhísí rochtana comhlachaithe, lena n-áirítear líonraí sonraí tiomnaithe agus fíorúla agus rochtain idirlín, chomh maith le húsáid atá bainteach le soghluaisteacht agus trasdul sonraí eile bunaithe ar bhilleáil úsáide agus ciorcaid líonra gutha agus saoráidí agus seirbhísí rochtana bainteacha, mar aon le húsáid atá bainteach le gnáthghlaonna teileafóin. Is féidir go n-áireofar in iompar gutha agus sonraí teicneolaíochtaí trastíre agus neamh-thrastíre (e.g., satailíte),

— ardán: costais atá bainteach le bunachair sonraí dáilte agus bunachair sonraí mór-ríomhaire agus córais meánearraí, lena n-áirítear bogearraí agus uirlisí bainistithe bunachair sonraí, agus seirbhísí seachtracha,

— seachadadh: costais a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar oibríochtaí TF, le tacaíocht a thabhairt dóibh, le bainistíocht a dhéanamh orthu agus lena rith, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

  — bainistiú seirbhíse TF: acmhainní a bhaineann leis an teagmhas, leis an bhfadhb agus leis na gníomhaíochtaí bainistithe athruithe mar chuid de phróiseas bainistithe na seirbhíse TF (eisiatar deasc chabhrach Leibhéal 1),

  — bainistiú ríomhchlár, táirgí agus tionscadal: acmhainní a bhaineann le tionscadail TF a bhainistiú agus le tacú leo agus/nó forbairt leanúnach táirgí ar fud tionscnaimh ghnó agus tionscnaimh atá dírithe ar TF,

  — bainistiú cliant: acmhainní nó 'bainisteoirí cuntais' atá ailínithe leis na línte gnó chun riachtanais ghnó a thuiscint, táirgí agus seirbhísí TF agus stádas tionscadal TF a chur in iúl,

  — lárionad oibríochtaí: acmhainní lárionaid oibríochtaí láraithe TF lena n-áirítear faireachán agus idirghabháil, e.g., lárionad oibríochtaí líonra (LOL), lárionad oibríochtaí domhanda (LOD),

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

**CAIBIDIL O2 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O2 01 09 *(Ar lean.)*

O2 01 09 03 *(Ar lean.)*

— slándáil, comhlíontacht, athshlánú ó thubaistí: costais a bhaineann leis an tslándáil, leis an gcomhlíontacht agus leis an ullmhacht athshlánaithe ó thubaistí a shainiú, a bhunú, a fhorfheidhmiú agus a thomhas, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

  — slándáil: beartas a leagan síos maidir le hacmhainní slándála TF agus cibearshlándála, próiseas agus modhanna a leagan síos, comhlíontacht a thomhas agus freagairt ar sháruithe slándála agus slándáil oibríochtúil fíor-ama a sholáthar amhail scanadh leochaileachta, bainistiú ballaí dóiteáin, córais coiscthe ionraidh, agus faisnéis slándála agus bainistiú imeachtaí,

  — comhlíontacht: beartas a leagan síos maidir le hacmhainní Comhlíontachta TF, rialuithe a bhunú agus comhlíontacht le ceanglais dhlíthiúla agus chomhlíontachta ábhartha a thomhas,

  — athshlánú ó thubaistí: beartas athshlánaithe ó thubaistí a leagan síos maidir le hacmhainní athshlánaithe ó thubaistí TF, próiseas agus modhanna a bhunú, saoráidí teipaistrithe tiomnaithe, tástáil athshlánaithe ó thubaistí a dhéanamh,

— bonneagar bainistithe TF (lena n-áirítear lóistíocht): costais i ndáil le bonneagar TF a bhainistiú, a riar agus a phleanáil; áirítear leis sin caiteachas le haghaidh cúnamh maidir le bainistíocht feidhmiúcháin, bainistíocht straitéiseach, ailtireacht fiontair, maoiniú TF agus bainistiú díoltóirí.

**CAIBIDIL O2 02 — COMHAR IDIRINSTITIÚIDEACH, SEIRBHÍSÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ IDIRINSTITIÚIDEACHA**

***O2 02 01 Comórtais idirinstitiúideacha***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 4 000 000 | 4 817 000 | 4 176 210,97 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a thabhaítear leis na nósanna imeachta a bhaineann le comórtais éagsúla a eagrú.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó ítim chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 100 000 | 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagail 27 go 31 agus 33 de agus Iarscríbhinn III a ghabhann leo.

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

**CAIBIDIL O2 03 — AN SCOIL RIARACHÁIN EORPACH (EUSA)**

### *O2 03 01 Oiliúint bhainistíochta*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 326 000 | 1 326 000 | 1 627 231,19 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais oiliúna le haghaidh oifigeach agus baill foirne eile i dteicnící bainistíochta (cáilíocht agus bainistiú an phearsanra, an straitéis).

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó ítim chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 142 000 | 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Cinneadh 2005/119/CE ó Ard-Rúnaithe Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iniúchóirí, ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus ó Choiste na Réigiún agus ó Ionadaí an Ombudsman Eorpaigh an 26 Eanáir 2005, maidir le heagrú agus oibriú na Scoile Riaracháin Eorpaí (IO L 37, 10.2.2005, lch. 17).

### *O2 03 02 Cúrsaí ionduchtaithe*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 867 000 | 867 000 | 575 968,50 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais oiliúna le haghaidh oifigigh nua agus baill foirne nua-earcaithe i dtimpeallacht oibre na n-institiúidí.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó ítim chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 63 000 | 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Cinneadh 2005/119/CE ó Ard-Rúnaithe Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iniúchóirí, ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus ó Choiste na Réigiún agus ó Ionadaí an Ombudsman Eorpaigh an 26 Eanáir 2005, maidir le heagrú agus oibriú na Scoile Riaracháin Eorpaí (IO L 37, 10.2.2005, lch. 17).

**CAIBIDIL O2 03 — AN SCOIL RIARACHÁIN EORPACH (EUSA)** *(Ar lean.)*

### *O2 03 03 Oiliúint le haghaidh deimhnithe*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 561 000 | 561 000 | 550 800,31 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais na hoiliúna ullmhúcháin le haghaidh oifigeach i dtaobh deimhniú a bhaint amach lena bhfianaítear a n-acmhainneacht chun dualgais riarthóra a dhéanamh d'fhonn a n-aistriú féideartha chuig grúpa feidhme níos airde.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó ítim chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 48 200 | 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Cinneadh 2005/119/CE ó Ard-Rúnaithe Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iniúchóirí, ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus ó Choiste na Réigiún agus ó Ionadaí an Ombudsman Eorpaigh an 26 Eanáir 2005, maidir le heagrú agus oibriú na Scoile Riaracháin Eorpaí (IO L 37, 10.2.2005, lch. 17).

**CAIBIDIL O2 10 — CÚLCHISTÍ**

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

### *O2 10 01 Leithreasuithe sealadacha*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Is leithreasuithe sealadacha amháin atá sna leithreasuithe a iontráiltear sa chaibidil seo agus ní fhéadfar iad a úsáid ach amháin tar éis iad a aistriú chuig caibidlí eile i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos chun na críche sin sa Rialachán Airgeadais.

**CAIBIDIL O2 10 — CÚLCHISTÍ** *(Ar lean.)*

### *O2 10 02 Cúlchiste teagmhasach*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

**An Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla**

COIMISIÚN
AN OIFIG UM RIAR AGUS ÍOC TEIDLÍOCHTAÍ INDIBHIDIÚLA

## Ioncam

*TEIDEAL 3*

## IONCAM RIARACHÁIN

### CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN BHFOIREANN

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 0 | | | | |
| **3 0 0** | ***Cánacha agus tobhaigh*** | | | | |
| 3 0 0 0 | Cáin ar luach saothair | 2 135 000 | 2 287 000 | 1 809 831,93 | 84,77 |
| 3 0 0 1 | Tobhaigh speisialta ar luach saothair | 392 000 | 418 000 | 333 342,44 | 85,04 |
| | *Airteagal 3 0 0 — IOMLÁN* | 2 527 000 | 2 705 000 | 2 143 174,37 | 84,81 |
| **3 0 1** | ***Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin*** | | | | |
| 3 0 1 0 | Ranníocaíochtaí na foirne leis an scéim pinsin | 4 154 000 | 4 035 000 | 3 201 332,96 | 77,07 |
| | *Airteagal 3 0 1 — IOMLÁN* | 4 154 000 | 4 035 000 | 3 201 332,96 | 77,07 |
| | CAIBIDIL 3 0 — IOMLÁN | 6 681 000 | 6 740 000 | 5 344 507,33 | 80 |
| | **Teideal 3 — IOMLÁN** | **6 681 000** | **6 740 000** | **5 344 507,33** | **80** |

COIMISIÚN
AN OIFIG UM RIAR AGUS ÍOC TEIDLÍOCHTAÍ INDIBHIDIÚLA

*TEIDEAL 3*

## IONCAM RIARACHÁIN

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN BHFOIREANN**

***3 0 0 Cánacha agus tobhaigh***

3 0 0 0 Cáin ar luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 135 000 | 2 287 000 | 1 809 831,93 |

*Barúlacha*

Is é atá san ioncam seo na fáltais uile ón gcáin ar thuarastail, pá agus liúntais oifigeach agus seirbhíseach eile a asbhaintear gach mí ó thuarastail fhoireann na hOifige.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh

Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 260/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos na coinníollacha agus an nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm na cánach chun tairbhe na gComhphobal Eorpach (IO L 56, 4.3.1968, lch. 8).

*Gníomhartha tagartha*

Prótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 12 de.

3 0 0 1 Tobhaigh speisialta ar luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 392 000 | 418 000 | 333 342,44 |

*Barúlacha*

Is é atá san ioncam seo na fáltais uile ón ranníocaíocht shealadach ó luach saothair na n-oifigeach agus na seirbhíseach eile i bhfostaíocht ghníomhach a asbhaintear gach mí ó thuarastail fhoireann na hOifige.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 66a díobh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN BHFOIREANN** *(Ar lean.)*

***3 0 1 Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin***

3 0 1 0 Ranníocaíochtaí na foirne leis an scéim pinsin

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 4 154 000 | 4 035 000 | 3 201 332,96 |

*Barúlacha*

Is é atá san ioncam seo na ranníocaíochtaí uile a asbhaintear gach mí ó thuarastail fhoireann na hOifige i gcomhréir le hAirteagal 83(2) de na Rialacháin Foirne agus a úsáidtear chun an scéim pinsin a mhaoiniú.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

*TEIDEAL 6*

# IONCAM, RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE BEARTAIS AN AONTAIS

## CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 6 6 | | | | |
| **6 6 8** | ***Ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 6 6 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Teideal 6 — IOMLÁN** | **p.m.** | **p.m.** | **0,—** | |

COIMISIÚN
AN OIFIG UM RIAR AGUS ÍOC TEIDLÍOCHTAÍ INDIBHIDIÚLA

*TEIDEAL 6*

## IONCAM, RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE BEARTAIS AN AONTAIS

### CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE

### 6 6 8 *Ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile — Ioncam sannta*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá an mhír seo beartaithe chun aon ioncam a fháil, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, nach ndéantar foráil maidir leis i gcodanna eile de Theideal 6 agus a úsáidtear chun leithreasuithe breise a sholáthar chun caiteachas dá bhfuil an t-ioncam seo sannta a mhaoiniú.

COIMISIÚN
AN OIFIG UM RIAR AGUS ÍOC TEIDLÍOCHTAÍ INDIBHIDIÚLA

## Caiteachas

*TEIDEAL O3*

## AN OIFIG UM RIAR AGUS ÍOC TEIDLÍOCHTAÍ INDIBHIDIÚLA

### CAIBIDIL O3 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL O3 01 | | | | |
| ***O3 01 01*** | ***Oifigigh agus foireann shealadach*** | | | | |
| O3 01 01 01 | Luach saothair agus liúntais | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 17 493 000 | 18 020 000 | 15 368 880,62 | 87,86 |
| O3 01 01 02 | Costais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 103 000 | 101 000 | 118 453,37 | 115 |
| O3 01 01 03 | Beartas agus bainistiú an phearsanra | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 286 000 | 2 360 000 | 2 093 107,— | 91,56 |
| | *Airteagal O3 01 01 — IOMLÁN* | 19 882 000 | 20 481 000 | 17 580 440,99 | 88,42 |
| ***O3 01 02*** | ***Pearsanra seachtrach*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 20 864 000 | 18 782 000 | 16 974 492,— | 81,36 |
| ***O3 01 03*** | ***Caiteachas bainistíochta eile*** | | | | |
| O3 01 03 01 | Speansais mhisean agus ionadaíochta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 88 000 | 88 000 | 85 160,— | 96,77 |
| O3 01 03 02 | Speansais a bhaineann le cruinnithe, grúpaí saineolaithe agus comhdhálacha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 9 000 | 10 400 | 0,— | |
| O3 01 03 03 | Oiliúint bhreise agus oiliúint bhainistíochta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 64 000 | 64 000 | 203 224,29 | 317,54 |

COIMISIÚN
AN OIFIG UM RIAR AGUS ÍOC TEIDLÍOCHTAÍ INDIBHIDIÚLA

**CAIBIDIL O3 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **O3 01 03** | *(Ar lean.)* | | | | |
| O3 01 03 04 | Cruinnithe inmheánacha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 000 | 3 200 | 35 665,— | 1 188,83 |
| | *Airteagal O3 01 03 — IOMLÁN* | 164 000 | 165 600 | 324 049,29 | 197,59 |
| ***O3 01 04*** | ***Bonneagar agus lóistíocht*** | | | | |
| O3 01 04 01 | Cíosanna agus ceannacháin | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 660 000 | 2 378 000 | 2 287 000,— | 85,98 |
| O3 01 04 02 | Caiteachas atá nasctha le foirgnimh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 240 000 | 1 137 000 | 946 000,— | 76,29 |
| O3 01 04 03 | Trealamh agus troscán | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 69 000 | 74 000 | 74 000,— | 107,25 |
| O3 01 04 04 | Seirbhísí agus caiteachas oibriúcháin eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 209 100 | 229 300 | 227 000,— | 108,56 |
| | *Airteagal O3 01 04 — IOMLÁN* | 4 178 100 | 3 818 300 | 3 534 000,— | 84,58 |
| ***O3 01 05*** | ***Caiteachas slándála agus rialaithe*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 675 000 | 684 000 | 675 000,— | 100 |
| ***O3 01 06*** | ***Caiteachas doiciméadúcháin agus leabharlainne*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***O3 01 07*** | ***Beartas agus bainistiú an bhonneagair*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***O3 01 08*** | ***Caiteachas a bhaineann le gnóthaí dlí*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |

**CAIBIDIL O3 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL O3 10 — CÚLCHISTÍ**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***O3 01 09*** | ***Teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide*** | | | | |
| O3 01 09 01 | Córais faisnéise | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 6 200 000 | 5 116 999 | 5 366 014,72 | 86,55 |
| O3 01 09 02 | Ionad oibre digiteach | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 839 000 | 912 000 | 750 000,— | 89,39 |
| O3 01 09 03 | Lárionad Sonraí agus seirbhísí líonraithe | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 331 000 | 1 134 000 | 1 675 000,— | 125,85 |
| | *Airteagal O3 01 09 — IOMLÁN* | 8 370 000 | 7 162 999 | 7 791 014,72 | 93,08 |
| | CAIBIDIL O3 01 — IOMLÁN | 54 133 100 | 51 093 899 | 46 878 997,— | 86,60 |
| | CAIBIDIL O3 10 | | | | |
| ***O3 10 01*** | ***Leithreasuithe sealadacha*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***O3 10 02*** | ***Cúlchiste teagmhasach*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL O3 10 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Teideal O3 — IOMLÁN** | **54 133 100** | **51 093 899** | **46 878 997,—** | **86,60** |

COIMISIÚN
AN OIFIG UM RIAR AGUS ÍOC TEIDLÍOCHTAÍ INDIBHIDIÚLA

*TEIDEAL O3*

## AN OIFIG UM RIAR AGUS ÍOC TEIDLÍOCHTAÍ INDIBHIDIÚLA

### CAIBIDIL O3 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

#### *O3 01 01 Oifigigh agus foireann shealadach*

O3 01 01 01 Luach saothair agus liúntais

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 17 493 000 | 18 020 000 | 15 368 880,62 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid seo a leanas i leith oifigigh agus foireann shealadach a shealbhaíonn poist ar an bplean bunaíochta:

— tuarastail, liúntais agus íocaíochtaí a bhaineann le tuarastail,

— árachas timpiste agus breoiteachta agus muirir slándála sóisialta eile,

— árachas dífhostaíochta le haghaidh foireann shealadach agus íocaíochtaí ó na hinstitiúidí chun bheith ina gcearta pinsin nó chun cearta pinsin a choinneáil ar bun lena haghaidh ina tír thionscnaimh,

— liúntais ilghnéitheacha agus deontais,

— costas na n-ualuithe a chuirtear i bhfeidhm maidir le luach saothair oifigeach agus foirne sealadaí agus costas na n-ualuithe a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an gcuid de na díolaíochtaí a aistrítear chuig tír seachas tír na fostaíochta,

— costas aon uasdátaithe ar luach saothair le linn na bliana airgeadais.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 3 275 200 | 3 2 0 2 |

**CAIBIDIL O3 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O3 01 01 *(Ar lean.)*

O3 01 01 02 Costais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 103 000 | 101 000 | 118 453,37 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid seo a leanas i leith oifigigh agus foireann shealadach a shealbhaíonn poist ar an bplean bunaíochta:

— speansais taistil atá dlite d'oifigigh agus d'fhoireann shealadach (lena n-áirítear a dteaghlaigh) nuair a théann siad i mbun dualgais, nuair a fhágann siad an institiúid nó nuair a aistríonn siad chuig áit fostaíochta eile,

— liúntais suiteála agus athlonnaithe atá dlite d'oifigigh ar a bhfuil oibleagáid a n-áit chónaithe a athrú nuair a théann siad i mbun dualgais, nuair a aistríonn siad chuig áit fostaíochta nua agus ar deireadh nuair a fhágann siad an tseirbhís agus nuair a athlonnaíonn siad in áit eile,

— speansais aistrithe atá dlite d'oifigigh ar a bhfuil oibleagáid a n-áit chónaithe a athrú nuair a théann siad i mbun dualgais, nuair a aistríonn siad chuig áit fostaíochta nua agus ar deireadh nuair a fhágann siad an tseirbhís agus nuair a athlonnaíonn siad in áit eile.

O3 01 01 03 Beartas agus bainistiú an phearsanra

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 286 000 | 2 360 000 | 2 093 107,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas seo a leanas a bhaineann leis an tSeirbhís Liachta:

— caiteachas a tabhaíodh (luach saothair, árachas, etc.) trí úsáid a bhaint as pearsanra seachtrach ar conradh faoin dlí príobháideach agus as foireann gníomhaireachta,

— costais phearsanra a áirítear i gconarthaí seirbhíse le haghaidh fochonraitheoireacht theicniúil agus riaracháin, cúnamh forlíontach agus soláthar seirbhísí intleachtúla.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar:

— ranníocaíocht na hOifige le costais an lárionaid áineasa agus le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh chultúrtha agus spóirt eile chun teagmháil shóisialta a chur chun cinn idir foireann náisiúntachtaí éagsúla,

— ranníocaíocht na hOifige le costais an Lárionaid Luath-Óige agus áiseanna feighlíochta leanaí eile,

COIMISIÚN
AN OIFIG UM RIAR AGUS ÍOC TEIDLÍOCHTAÍ INDIBHIDIÚLA

**CAIBIDIL O3 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O3 01 01 *(Ar lean.)*

O3 01 01 03 *(Ar lean.)*

— caiteachas le haghaidh na gcatagóirí daoine seo a leanas, mar chuid de bheartas chun cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas:

  — oifigigh agus foireann shealadach i bhfostaíocht ghníomhach,

  — céilí oifigeach agus foirne sealadaí i bhfostaíocht ghníomhach,

  — na leanaí cleithiúnacha uile de réir bhrí na Rialachán Foirne.

Cumhdaítear leis, laistigh de theorainneacha an mhéid arna iontráil sa bhuiséad agus tar éis aon teidlíocht náisiúnta a dheonaítear sa tír chónaithe nó thionscnaimh a bheith éilithe, aon chaiteachas neamhliachta cuí-réasúnaithe a aithnítear is gá agus a eascraíonn as míchumas.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 589 494 | 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Rialacha lena rialaítear ainmniú agus luach saothair agus coinníollacha airgeadais eile a ghlacann an Coimisiún.

***O3 01 02 Pearsanra seachtrach***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 20 864 000 | 18 782 000 | 16 974 492,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas seo a leanas:

— luach saothair foirne ar conradh (de réir bhrí Theideal IV de na Coinníollacha Fostaíochta), scéim árachais shóisialta na hinstitiúide lena gcumhdaítear foireann ar conradh, mar a thuairiscítear i dTeideal IV, agus costas na n-ualuithe is infheidhme maidir le luach saothair na foirne sin,

— caiteachas a tabhaíodh (luach saothair, árachas, etc.) trí úsáid a bhaint as pearsanra seachtrach ar conradh faoin dlí príobháideach agus as foireann gníomhaireachta,

— costais phearsanra a áirítear i gconarthaí seirbhíse le haghaidh fochonraitheoireacht theicniúil agus riaracháin, cúnamh forlíontach agus soláthar seirbhísí intleachtúla,

O3 01 02 *(Ar lean.)*

— an costas a bhaineann le státseirbhísigh náisiúnta nó saineolaithe eile ar iasacht nó sannachán sealadach don Oifig agus speansais fhorlíontacha a eascraíonn as oifigigh a thabhairt ar iasacht chuig státseirbhísí náisiúnta nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta,

— costas aon uasdátaithe ar luach saothair le linn na bliana airgeadais.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 4 938 100 | 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Rialacha lena rialaítear ainmniú agus luach saothair agus coinníollacha airgeadais eile a ghlacann an Coimisiún.

### *O3 01 03 Caiteachas bainistíochta eile*

O3 01 03 01 Speansais mhisean agus ionadaíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 88 000 | 88 000 | 85 160,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas seo a leanas:

— speansais taistil, liúntais cothaithe laethúla agus caiteachas breise nó eisceachtúil a tabhaíodh i dtaca le misin na foirne a chumhdaítear leis na Rialacháin Foirne agus le misin saineolaithe náisiúnta nó idirnáisiúnta nó oifigeach ar iasacht,

— aisíoc costas a thabhaíonn daoine a dhéanann ionadaíocht oifigiúil don Oifig (níl aisíoc indéanta le haghaidh speansais a tabhaíodh i bhfeidhmiú dualgas ionadaíochta maidir le foireann an Choimisiúin nó institiúidí eile den Aontas).

*Bunús dlí*

Rialacha lena rialaítear ainmniú agus luach saothair agus coinníollacha airgeadais eile a ghlacann an Coimisiún.

**CAIBIDIL O3 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O3 01 03 *(Ar lean.)*

O3 01 03 02 Speansais a bhaineann le cruinnithe, grúpaí saineolaithe agus comhdhálacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 9 000 | 10 400 | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas seo a leanas:

— speansais taistil, chothaithe agus theagmhasacha ag saineolaithe atá rannpháirteach i ngrúpaí staidéir agus i meithleacha, agus an costas a bhaineann leis na cruinnithe sin a eagrú i gcás nach gcumhdaítear iad leis an mbonneagar atá ann cheana i gceanncheathrú na n-institiúidí ná sna hoifigí seachtracha (aisíoctar saineolaithe ar bhonn cinntí a dhéanann an Coimisiún),

— caiteachas ilghnéitheach a bhaineann le comhdhálacha, comhthionóil agus cruinnithe ina bhfuil an Oifig rannpháirteach nó a eagraíonn sí.

*Bunús dlí*

Rialacha lena rialaítear ainmniú agus luach saothair agus coinníollacha airgeadais eile a ghlacann an Coimisiún.

O3 01 03 03 Oiliúint bhreise agus oiliúint bhainistíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 64 000 | 64 000 | 203 224,29 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas seo a leanas:

— caiteachas ar oiliúint chun feabhas a chur ar scileanna foirne agus feidhmíocht agus éifeachtúlacht na hOifige:

  — táillí saineolaithe atá fostaithe chun riachtanais oiliúna a shainaithint, cúrsaí a dhearadh, a fhorbairt agus a reáchtáil agus meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar thorthaí,

  — táillí sainchomhairleoirí i réimsí éagsúla, go háirithe modhanna eagraíochtúla, bainistiú, straitéis, cáilíocht agus bainistiú pearsanra,

  — an costas a bhaineann le freastal ar oiliúint sheachtrach agus le dul i bpáirt leis na heagraíochtaí gairmiúla ábhartha,

**CAIBIDIL O3 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O3 01 03 *(Ar lean.)*

O3 01 03 03 *(Ar lean.)*

- caiteachas i ndáil leis na gnéithe praiticiúla a bhaineann le cúrsaí a eagrú, úsáid áitribh, iompar, béilí agus cóiríocht le haghaidh rannpháirtithe i gcúrsaí cónaithe,
- caiteachas oiliúna a bhaineann le foilseacháin agus faisnéis, suíomhanna idirlín bainteacha agus ceannachán trealaimh teagaisc, síntiús agus ceadúnas le haghaidh cianteagaisc, leabhar, táirgí preasa agus ilmheán,
- maoiniú áiseanna teagaisc.

*Bunús dlí*

Rialacha lena rialaítear ainmniú agus luach saothair agus coinníollacha airgeadais eile a ghlacann an Coimisiún.

O3 01 03 04 Cruinnithe inmheánacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 000 | 3 200 | 35 665,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas a bhaineann le sólaistí agus bia a riartar ar ócáidí speisialta le linn cruinnithe inmheánacha.

*Bunús dlí*

Rialacha lena rialaítear ainmniú agus luach saothair agus coinníollacha airgeadais eile a ghlacann an Coimisiún.

***O3 01 04 Bonneagar agus lóistíocht***

*Bunús dlí*

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'obair le trealamh scáileán taispeána (an cúigiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 156, 21.6.1990, lch. 14).

COIMISIÚN
AN OIFIG UM RIAR AGUS ÍOC TEIDLÍOCHTAÍ INDIBHIDIÚLA

**CAIBIDIL O3 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O3 01 04 *(Ar lean.)*

O3 01 04 01 Cíosanna agus ceannacháin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 660 000 | 2 378 000 | 2 287 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear go háirithe:

— na costais a bhaineann le foirgnimh a cheannach nó a cheannach ar léas nó le foirgnimh a thógáil,

— cíos agus bunchíos, cánacha éagsúla agus feidhmiú roghanna ceannacháin ar fhoirgnimh nó codanna d'fhoirgnimh ar áitiú, chomh maith le seomraí comhdhála, stórais, seomraí stórais, cartlanna, garáistí agus saoráidí páirceála a fhruiliú,

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 2 191 000 | 3 2 0 2 |

O3 01 04 02 Caiteachas atá nasctha le foirgnimh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 240 000 | 1 137 000 | 946 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear go háirithe:

— préimheanna árachais ar na foirgnimh nó ar chodanna d'fhoirgnimh atá ar áitiú ag an Oifig,

— muirir uisce, gáis, leictreachais agus téimh le haghaidh na bhfoirgneamh nó codanna d'fhoirgnimh atá ar áitiú ag an Oifig,

— costais chothabhála le haghaidh áitribh, ardaitheoirí, téamh lárnach, trealamh aerchóiriúcháin, etc.; an caiteachas a tabhaíodh le hoibríochtaí glantacháin tráthrialta, lena n-áirítear ceannachán táirgí cothabhála, níocháin, neachtlainne agus tirimghlantacháin, etc., agus le hathphéinteáil, deisiú agus soláthairtí a úsáideann na siopaí cothabhála,

— caiteachas ar chóireáil, stóráil agus baint dramhaíola roghnaíoch,

**CAIBIDIL O3 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O3 01 04 *(Ar lean.)*

O3 01 04 02 *(Ar lean.)*

— athchóiriú foirgneamh, e.g. athruithe ar scaradh, athruithe ar shuiteálacha teicniúla agus obair speisialaithe eile ar ghlais, trealamh leictreach, pluiméireacht, péinteáil agus clúdaigh urláir, agus an costas a bhaineann le hathruithe a dhéanamh ar an gcáblú atá bainteach le daingneáin, agus an costas a bhaineann leis an trealamh is gá (sula ndéantar conarthaí le haghaidh méid de bhreis ar EUR 300 000 a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, agus d'fhonn an caiteachas a réasúnú, ní mór don Oifig dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile maidir leis na coinníollacha (praghas, an t-airgeadra roghnaithe, innéacsú, fad, clásail eile) a fhaigheann gach ceann díobh le haghaidh conradh comhchosúil).

O3 01 04 03 Trealamh agus troscán

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 69 000 | 74 000 | 74 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear go háirithe:

— trealamh teicniúil agus suiteálacha a cheannach, a fhruiliú nó a léasú, a chothabháil, a dheisiú, a shuiteáil agus a athnuachan,

— troscán a cheannach, a fhruiliú, a chothabháil agus a dheisiú,

— feithiclí a cheannach, a fhruiliú, a chothabháil agus a dheisiú,

— cineálacha éagsúla árachais (go háirithe dliteanas tríú páirtí agus árachas in aghaidh gadaíochta).

O3 01 04 04 Seirbhísí agus caiteachas oibriúcháin eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 209 100 | 229 300 | 227 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear go háirithe:

— aistrithe roinne agus atheagruithe agus láimhseáil (ag glacadh le seachadadh, ag stóráil, ag seachadadh) i leith trealaimh, troscáin agus soláthairtí oifige,

**CAIBIDIL O3 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O3 01 04 *(Ar lean.)*

O3 01 04 04 *(Ar lean.)*

- an costas a bhaineann le páipéar, clúdaigh litreach, soláthairtí oifige agus soláthairtí le haghaidh na siopaí priontála a cheannach, agus le priontáil áirithe a dhéanann soláthraithe seirbhíse seachtracha,
- caiteachas poist agus muirir seachadta poist, ar phacáistí poist agus ar phacáistí eile a sheoltar d'aer, de mhuir nó d'iarnród, agus ar phost inmheánach na hOifige,
- caiteachas ar threalamh oibre, agus go háirithe:
  - ceannachán éidí (go príomha le haghaidh teachtairí urláir, tiománaithe agus foireann bialainne agus caifitéire),
  - ceannachán agus glantachán éadaí oibre le haghaidh na foirne ceardlainne agus na foirne ar a gceanglaítear obair a dhéanamh ar gá cosaint lena haghaidh ar dhrochaimsir nó aimsir fhuar, caitheamh agus salachar neamhghnách,
  - ceannachán nó aisíoc an chostais a bhaineann le haon trealamh a bhféadfaidh gá a bheith leis de bhun Threoracha 89/391/CEE agus 90/270/CEE,
- caiteachas oibriúcháin eile nach ndéantar foráil maidir leis go sonrach thuas.

***O3 01 05 Caiteachas slándála agus rialaithe***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 675 000 | 684 000 | 675 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear go háirithe:

- speansais a bhaineann le slándáil fhisiceach agus ábhartha daoine agus maoine, go háirithe conarthaí chun foirgnimh a ghardáil, conarthaí chun suiteálacha slándála a chothabháil agus mionbhaill trealaimh a cheannach,
- speansais a bhaineann le sláinte agus le sábháilteacht daoine aonair ag an obair, go háirithe trealamh comhraicthe dóiteáin a cheannach, a fhruiliú agus a chothabháil, athsholáthar trealaimh le haghaidh picéid dóiteáin agus costais a bhaineann le hiniúchadh reachtúil.

Sula ndéantar conarthaí ar mhéid de bhreis ar EUR 300 000 a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, agus d'fhonn caiteachas a réasúnú, ní mór don Oifig dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile maidir leis na coinníollacha (praghas, an t-airgeadra roghnaithe, innéacsú, fad, clásail eile) a fhaigheann gach ceann díobh le haghaidh conradh comhchosúil.

**CAIBIDIL O3 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O3 01 05 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'obair le trealamh scáileán taispeána (an cúigiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 156, 21.6.1990, lch. 14).

***O3 01 06 Caiteachas doiciméadúcháin agus leabharlainne***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le suíomh inlín an Choimisiúin (My IntraComm) a tháirgeadh agus a fhorbairt, síntiúis chun breathnú ar sheirbhísí sonraí, an costas a bhaineann le ceangal agus caiteachas eile is gá chun saothair tagartha agus tréimhseacháin a chaomhnú, caiteachas ar shíntiúis le nuachtáin agus le tréimhseacháin speisialaithe, agus ceannachán foilseachán agus saothar teicniúil i dtaca le gníomhaíochtaí na hOifige.

***O3 01 07 Beartas agus bainistiú an bhonneagair***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais reatha agus an costais chlaochlúcháin le haghaidh bialann, caifitéirí agus ceaintíní.

***O3 01 08 Caiteachas a bhaineann le gnóthaí dlí***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

COIMISIÚN
AN OIFIG UM RIAR AGUS ÍOC TEIDLÍOCHTAÍ INDIBHIDIÚLA

**CAIBIDIL O3 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O3 01 08 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na damáistí atá le seasamh ag an Oifig agus iad sin a eascraíonn as dliteanas tríú páirtí, agus caiteachas a bhaineann le cásanna áirithe inar gá, ar chúiseanna cothromais, cúiteamh a íoc gan aon éileamh dlíthiúil ag eascairt as sin.

***O3 01 09 Teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide***

*Bunús dlí*

Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach (IO L 6, 11.1.2017, lch. 40)

Cinneadh (AE, Euratom) 2018/559 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2018 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh Airteagal 6 de Chinneadh (AE, Euratom) 2017/46 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach (IO L 93, 11.4.2018, lch. 4).

Cúraimí a eascraíonn as sainphribhléidí an Choimisiúin ar an leibhéal institiúideach, amhail dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

O3 01 09 01 Córais faisnéise

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 6 200 000 | 5 116 999 | 5 366 014,72 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar córais faisnéise (i.e. feidhmchláir) na hOifige agus caiteachas gaolmhar. Áirítear ina raon feidhme costas na mbogearraí gnó agus na costais a bhaineann le feidhmchláir a fhorbairt, a bhainistiú agus a reáchtáil le haghaidh na hOifige. Cumhdaítear leis an méid seo a leanas go háirithe:

— forbairt córas faisnéise: acmhainní a bhaineann leis na seirbhísí pacáistíochta anailíse, dearaidh, forbartha, cóid, tástála agus scaoilte atá bainteach le tionscadail forbartha feidhmchlár,

— tacaíocht agus cothabháil le haghaidh córais faisnéise: na hoibríochtaí, an tacaíocht, an réiteach agus na mionfheabhsuithe atá bainteach le feidhmchláir atá ann cheana,

— éadáil bogearraí gnó: caiteachais bogearraí, lena n-áirítear ceadúnú, cothabháil agus tacaíocht a bhaineann le ceannacháin bogearraí réamhdhéanta,

**CAIBIDIL O3 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O3 01 09 *(Ar lean.)*

O3 01 09 01 *(Ar lean.)*

— bainistiú na gcóras faisnéise: costais i ndáil le bainistiú, riar agus pleanáil TF, lena n-áirítear caiteachas le haghaidh cúnamh maidir le bainistiú feidhmiúcháin, bainistíocht straitéiseach, ailtireacht fiontair, maoiniú TF agus bainistiú díoltóirí.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 3 055 000 | 3 2 0 2 |

O3 01 09 02 Ionad oibre digiteach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 839 000 | 912 000 | 750 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gairis ríomhaireachta úsáideora deiridh agus tacaíocht le haghaidh úsáideoirí deiridh. Áirítear ina raon feidhme costais chun gairis ríomhaireachta úsáideora deiridh a cheannach, a thógáil, a bhainistiú agus a reáchtáil, agus tacaíocht láraithe a sheachadadh chuig úsáideoirí deiridh san Oifig. Cumhdaítear leis an méid seo a leanas go háirithe:

— bonneagar ríomhaireachta pearsanta: deasca fisiceacha ríomhaireachta cliaint, ríomhairí glúine iniompartha, meaisíní caolchliaint, forimeallaithe (lena n-áirítear monatóirí, gairis phointeora agus printéirí pearsanta ceangailte) a úsáideann daoine aonair chun obair a dhéanamh,

— gairis shoghluaiste: táibléid ríomhaireachta cliaint, fóin chliste agus aipeanna a úsáideann daoine aonair chun obair a dhéanamh,

— bogearraí úsáideora deiridh: bogearraí a bhaineann le cliaint a úsáidtear chun doiciméid agus inneachar eile, amhail ríomhphoist, cumarsáid, cur teachtaireachtaí, próiseáil focal, scarbhileoga, cuir i láthair, foilsitheoireacht deisce agus grafaicí a scríobh, a chruthú, dul i gcomhar maidir leo agus iad a chomhroinnt,

— printéirí líonra: printéirí pearsanta nasctha le líonra, scairdphrintéirí dúigh, printéirí léasair, printéirí roinne nó cóipsheomra, etc.,

— comhdháil agus closchomhdháil/físchomhdháil: trealamh closchomhdhála agus físchomhdhála a úsáidtear i seomraí comhdhála go hiondúil agus seomraí teilealáithreachta tiomnaithe chun cumarsáid lucht saothair a chumasú,

— deasc chabhrach TF: acmhainní deisce cabhrach láraithe Leibhéal 1 a láimhseálann iarrataí úsáideora, a fhreagraíonn ceisteanna agus a réitíonn saincheisteanna,

— tacaíocht deisce: acmhainní tacaíochta áitiúla a sholáthraíonn tacaíocht ar an láthair le haghaidh aistrithe, suimithe, athruithe agus chun saincheisteanna a réiteach go coincréiteach.

COIMISIÚN
AN OIFIG UM RIAR AGUS ÍOC TEIDLÍOCHTAÍ INDIBHIDIÚLA

**CAIBIDIL O3 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O3 01 09 *(Ar lean.)*

O3 01 09 03 Lárionad Sonraí agus seirbhísí líonraithe

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 331 000 | 1 134 000 | 1 675 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais a bhaineann le saoráidí Lárionaid Sonraí agus seirbhísí cumarsáide, mar aon le costais a bhaineann le slándáil agus le comhlíontacht TF. Cumhdaítear leis an méid seo a leanas go háirithe:

— Saoráidí Lárionaid Sonraí: saoráidí lárionaid sonraí saintógtha ina gcoimeádtar agus ina gcosnaítear trealamh TF criticiúil lena n-áirítear an spás, an chumhacht, na rialuithe comhshaoil, na racaí, an cáblú agus tacaíocht ‘lámh chliste’; áirítear leis sin saoráidí eile amhail seomraí ríomhairí agus clóiséid ina gcoimeádtar trealamh TF i gceanncheathrú corparáideach, lárionaid ghlaonna nó foirgnimh oifige ilfhóinteacha eile,

— ríomhaireacht ar áitreabh agus néalbhunaithe; áirítear leis sin:

  — freastalaithe: freastalaithe fisiceacha agus fíorúla a ritear ar chórais oibríochta éagsúla; áirítear leis sin crua-earraí, bogearraí agus seirbhísí tacaíochta,

  — bonneagar comhtháite: fearais shaintógtha a sholáthraíonn cumais ríomhaireachta, stórála agus líonra i mbosca amháin,

  — mór-ríomhaire: mór-ríomhairí agus oibríochtaí traidisiúnta a ritheann córais oibríochta oidhreachta,

— stóráil ar áitreabh agus néalbhunaithe: lena soláthraítear stóráil sonraí láraithe agus lena gcoinnítear faisnéis agus sonraí, atá le haisghabháil níos déanaí, go slán. Is féidir go gcoinneofaí le stóráil sonraí le haghaidh feidhmchlár agus cód, bunachair sonraí, comhaid, meáin, ríomhphost agus foirmeacha eile faisnéise. Áirítear le stóráil trealamh agus bogearraí le haghaidh stóráil ar líne (le haghaidh an bhonneagair ríomhaireachta dháilte) agus stóráil as líne (le haghaidh cartlainne, cúltaca agus athshlánú chun tacú le caillteanas sonraí, truailliú sonraí, athshlánú ó thubaistí agus ceanglais chomhlíontachta),

— líonra: sonraí agus trealamh gutha i dteannta na modhanna iompair chun córais agus daoine a nascadh agus chun a chur ar a gcumas do dhaoine comhrá a dhéanamh le chéile; áirítear leis sin:

  — LAN/WAN: líonra achair logánta fisiceach agus gan sreang lena nasctar trealamh laistigh de na lárionaid bunsonraí agus lena nasctar úsáideoirí deiridh i limistéir oibre oifige le líonraí níos leithne na heagraíochta; agus trealamh agus seirbhísí tacaíochta líonra achair fhairsing lena nasctar lárionaid sonraí, oifigí agus tríú páirtithe le chéile go díreach,

  — guth: acmhainní gutha lena gcumasaítear nó lena ndáiltear seirbhísí gutha trí threalamh ar áitreabh lena n-áirítear PBX, VoIP, glórphost agus sásanna láimhe,

**CAIBIDIL O3 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O3 01 09 *(Ar lean.)*

O3 01 09 03 *(Ar lean.)*

  - iompar: ciorcaid líonra sonraí agus saoráidí agus seirbhísí rochtana bainteacha; áirítear leis sin líonraí sonraí tiomnaithe agus fíorúla agus rochtain idirlín, mar aon le húsáid atá bainteach le soghluaisteacht agus le trasdul sonraí eile bunaithe ar bhilleáil úsáide agus ar chiorcaid líonra gutha agus saoráidí agus seirbhísí rochtana bainteacha, mar aon le húsáid atá bainteach le gnáthghlaonna teileafóin. Is féidir go n-áireofar in iompar gutha agus sonraí teicneolaíochtaí trastíre agus neamh-thrastíre (e.g., satailít),

- ardán: costais atá bainteach le bunachair sonraí dháilte agus mhór-ríomhaire agus le córais meánearraí. Áirítear le costais bogearraí agus uirlisí bainistíochta bunachair sonraí, agus seirbhísí seachtracha,

- seachadadh: costais a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar oibríochtaí TF, le tacaíocht a thabhairt dóibh, le bainistíocht a dhéanamh orthu agus lena rith; áirítear leis sin:

  - Bainistiú seirbhíse TF: acmhainní a bhaineann leis na gníomhaíochtaí bainistithe cibirtheagmhais, faidhbe agus athraithe mar chuid de phróiseas bainistithe na seirbhíse TF (gan deasc chabhrach Leibhéal 1 a áireamh),

  - bainistiú clár, táirgí agus tionscadal: acmhainní a bhaineann le tionscadail TF a bhainistiú agus le tacú leo agus/nó forbairt leanúnach táirgí ar fud tionscnaimh ghnó agus tionscnaimh atá dírithe ar TF,

  - bainistiú cliaint: acmhainní nó ‘bainisteoirí cuntais’ atá ailínithe leis na línte gnó chun riachtanais ghnó a thuiscint, táirgí agus seirbhísí TF agus stádas tionscadal TF a chur in iúl,

  - lárionad oibríochtaí: acmhainní lárionaid oibríochtaí láraithe TF lena n-áirítear faireachán agus idirghabháil, e.g., lárionad oibríochtaí líonra (LOL), lárionad oibríochtaí domhanda (LOD),

- slándáil, comhlíontacht, athshlánú ó thubaistí: costais a bhaineann leis an tslándáil, leis an gcomhlíontacht agus leis an ullmhacht athshlánaithe ó thubaistí a shainiú, a bhunú, a fhorfheidhmiú agus a thomhas; áirítear leis sin:

  - slándáil: beartas a leagan síos maidir le hacmhainní slándála TF agus cibearshlándála, próiseas agus modhanna a leagan síos, comhlíontacht a thomhas agus freagairt ar sháruithe slándála agus slándáil oibríochtúil fíor-ama a sholáthar amhail scanadh leochaileachta, bainistíocht ballaí dóiteáin, córais coiscthe ionraidh, agus faisnéis slándála agus bainistíocht imeachtaí,

  - comhlíontacht: beartas a leagan síos maidir le hacmhainní comhlíontachta TF, rialuithe a bhunú agus comhlíontacht le ceanglais dhlíthiúla agus chomhlíontachta ábhartha a thomhas,

  - athshlánú ó thubaistí: beartas athshlánaithe ó thubaistí a leagan síos maidir le hacmhainní athshlánaithe ó thubaistí TF, próiseas agus modhanna a bhunú, saoráidí teipaistrithe tiomnaithe, tástáil athshlánaithe ó thubaistí a dhéanamh,

- bonneagar bainistithe TF (lena n-áirítear lóistíocht): costais i ndáil le bonneagar TF a bhainistiú, a riar agus a phleanáil; áirítear leis sin caiteachas le haghaidh cúnamh maidir le bainistiú feidhmiúcháin, bainistíocht straitéiseach, ailtireacht fiontair, maoiniú TF agus bainistiú díoltóirí.

**CAIBIDIL O3 10 — CÚLCHISTÍ**

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

COIMISIÚN
AN OIFIG UM RIAR AGUS ÍOC TEIDLÍOCHTAÍ INDIBHIDIÚLA

**CAIBIDIL O3 10 — CÚLCHISTÍ** *(Ar lean.)*

### *O3 10 01 Leithreasuithe sealadacha*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Is leithreasuithe sealadacha amháin atá sna leithreasuithe sa chaibidil seo agus ní féidir iad a úsáid ach amháin tar éis iad a aistriú chuig caibidlí eile i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais.

### *O3 10 02 Cúlchiste teagmhasach*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

## AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — AN BHRUISÉIL

COIMISIÚN
AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — AN BHRUISÉIL

# IONCAM

## *TEIDEAL 3*

## IONCAM RIARACHÁIN

### CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 0 | | | | |
| **3 0 0** | ***Cánacha agus tobhaigh*** | | | | |
| 3 0 0 0 | Cáin ar luach saothair | 3 706 000 | 3 421 000 | 3 309 652,46 | 89,31 |
| 3 0 0 1 | Tobhaigh speisialta ar luach saothair | 659 000 | 627 000 | 587 999,74 | 89,23 |
| | *Airteagal 3 0 0 — IOMLÁN* | 4 365 000 | 4 048 000 | 3 897 652,20 | 89,29 |
| **3 0 1** | ***Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin*** | | | | |
| 3 0 1 0 | Ranníocaíochtaí na foirne leis an scéim pinsin | 7 576 000 | 6 518 000 | 6 167 363,80 | 81,41 |
| | *Airteagal 3 0 1 — IOMLÁN* | 7 576 000 | 6 518 000 | 6 167 363,80 | 81,41 |
| | CAIBIDIL 3 0 — IOMLÁN | 11 941 000 | 10 566 000 | 10 065 016,— | 84,29 |
| | **Teideal 3 — IOMLÁN** | **11 941 000** | **10 566 000** | **10 065 016,—** | **84,29** |

COIMISIÚN
AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — AN BHRUISÉIL

*TEIDEAL 3*

**IONCAM RIARACHÁIN**

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN**

***3 0 0 Cánacha agus tobhaigh***

3 0 0 0 Cáin ar luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 706 000 | 3 421 000 | 3 309 652,46 |

*Barúlacha*

Is é atá san ioncam seo na fáltais uile ón gcáin ar thuarastail, pá agus liúntais oifigeach agus seirbhíseach eile a asbhaintear gach mí ó thuarastail fhoireann na hOifige.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh

Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 260/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos na coinníollacha agus an nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm na cánach chun tairbhe na gComhphobal Eorpach (IO L 56, 4.3.1968, lch. 8).

*Gníomhartha tagartha*

Prótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 12 de.

3 0 0 1 Tobhaigh speisialta ar luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 659 000 | 627 000 | 587 999,74 |

*Barúlacha*

Is é atá san ioncam seo na fáltais uile ón ranníocaíocht shealadach ó luach saothair na n-oifigeach agus na seirbhíseach eile i bhfostaíocht ghníomhach a asbhaintear gach mí ó thuarastail fhoireann na hOifige.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 66a díobh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN** *(Ar lean.)*

***3 0 1 Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin***

3 0 1 0 Ranníocaíochtaí na foirne leis an scéim pinsin

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 7 576 000 | 6 518 000 | 6 167 363,80 |

*Barúlacha*

Is é atá san ioncam seo na ranníocaíochtaí uile a asbhaintear gach mí ó thuarastail fhoireann na hOifige i gcomhréir le hAirteagal 83(2) de na Rialacháin Foirne agus a úsáidtear chun an scéim pinsin a mhaoiniú.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh

COIMISIÚN
AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — AN BHRUISÉIL

*TEIDEAL 6*

## IONCAM, RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE BEARTAIS AN AONTAIS

### CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 6 6 | | | | |
| **6 6 8** | ***Ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 6 6 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Teideal 6 — IOMLÁN** | **p.m.** | **p.m.** | **0,—** | |

COMMISIÚN
AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — AN BHRUISÉIL

*TEIDEAL 6*

## IONCAM, RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE BEARTAIS AN AONTAIS

### CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE

### 6 6 8 *Ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile — Ioncam sannta*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá an t-airteagal seo beartaithe chun freastal ar aon ioncam, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, nach ndéantar foráil maidir leis i gcodanna eile de Theideal 6 agus a úsáidtear chun leithreasuithe breise a sholáthar chun caiteachas dá bhfuil an t-ioncam seo sannta a mhaoiniú.

# CAITEACHAS

## *TEIDEAL O4*

## AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — AN BHRUISÉIL

### CAIBIDIL O4 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL O4 01 | | | | |
| ***O4 01 01*** | ***Oifigigh agus foireann shealadach*** | | | | |
| O4 01 01 01 | Luach saothair agus liúntais | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 36 556 000 | 35 763 000 | 32 695 903,91 | 89,44 |
| O4 01 01 02 | Costais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 248 000 | 263 000 | 50 498,82 | 20,36 |
| O4 01 01 03 | Beartas agus bainistiú an phearsanra | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal O4 01 01 — IOMLÁN* | 36 804 000 | 36 026 000 | 32 746 402,73 | 88,98 |
| ***O4 01 02*** | ***Pearsanra seachtrach*** | | | | |
| O4 01 02 01 | Pearsanra seachtrach — OIB | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 27 236 000 | 22 874 000 | 21 046 325,59 | 77,27 |
| O4 01 02 02 | Pearsanra Seachtrach — Saoráidí cúraim leanaí | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 12 873 000 | 13 774 000 | 14 624 000,— | 113,60 |
| | *Airteagal O4 01 02 — IOMLÁN* | 40 109 000 | 36 648 000 | 35 670 325,59 | 88,93 |
| ***O4 01 03*** | ***Caiteachas bainistíochta eile*** | | | | |
| O4 01 03 01 | Speansais mhisean agus ionadaíochta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 80 000 | 80 000 | 109 076,60 | 136,35 |

COIMISIÚN
AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — AN BHRUISÉIL

## CAIBIDIL O4 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **O4 01 03** | *(Ar lean.)* | | | | |
| O4 01 03 02 | Speansais a bhaineann le cruinnithe, grúpaí saineolaithe agus comhdhálacha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 000 | 800 | 4 088,32 | 408,83 |
| O4 01 03 03 | Oiliúint bhreise agus oiliúint bhainistíochta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 262 000 | 262 000 | 282 124,90 | 107,68 |
| O4 01 03 04 | Cruinnithe inmheánacha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 8 000 | 8 000 | 22 508,46 | 281,36 |
| | *Airteagal O4 01 03 — IOMLÁN* | 351 000 | 350 800 | 417 798,28 | 119,03 |
| ***O4 01 04*** | ***Bonneagar agus lóistíocht*** | | | | |
| O4 01 04 01 | Cíosanna agus ceannacháin | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 6 056 000 | 6 336 000 | 4 236 000,— | 69,95 |
| O4 01 04 02 | Caiteachas atá nasctha le foirgnimh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 990 000 | 1 945 000 | 3 807 295,45 | 191,32 |
| O4 01 04 03 | Trealamh agus troscán | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 117 000 | 128 000 | 73 095,55 | 62,47 |
| O4 01 04 04 | Seirbhísí agus caiteachas oibriúcháin eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 628 000 | 668 000 | 247 781,82 | 39,46 |
| | *Airteagal O4 01 04 — IOMLÁN* | 8 791 000 | 9 077 000 | 8 364 172,82 | 95,14 |
| ***O4 01 05*** | ***Caiteachas slándála agus rialaithe*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 136 000 | 1 136 000 | 1 075 000,— | 94,63 |
| ***O4 01 06*** | ***Caiteachas doiciméadúcháin agus leabharlainne*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |

**CAIBIDIL O4 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL O4 10 — CÚLCHISTÍ**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***O4 01 07*** | ***Beartas agus bainistiú an bhonneagair*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***O4 01 08*** | ***Caiteachas a bhaineann le gnóthaí dlí*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***O4 01 09*** | ***Teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide*** | | | | |
| O4 01 09 01 | Córais faisnéise | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 093 493 | 2 593 493 | 2 685 059,15 | 86,80 |
| O4 01 09 02 | Ionad oibre digiteach | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 697 000 | 1 875 000 | 1 652 245,76 | 97,36 |
| O4 01 09 03 | Lárionad sonraí agus seirbhísí líonraithe | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 690 000 | 2 331 000 | 3 610 488,67 | 134,22 |
| | *Airteagal O4 01 09 — IOMLÁN* | 7 480 493 | 6 799 493 | 7 947 793,58 | 106,25 |
| | CAIBIDIL O4 01 — IOMLÁN | 94 671 493 | 90 037 293 | 86 221 493,— | 91,07 |
| | CAIBIDIL O4 10 | | | | |
| ***O4 10 01*** | ***Leithreasuithe sealadacha*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***O4 10 02*** | ***Cúlchiste teagmhasach*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL O4 10 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Teideal O4 — IOMLÁN** | **94 671 493** | **90 037 293** | **86 221 493,—** | **91,07** |

COIMISIÚN
AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — AN BHRUISÉIL

*TEIDEAL O4*

# AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — AN BHRUISÉIL

## CAIBIDIL O4 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

### *O4 01 01 Oifigigh agus foireann shealadach*

O4 01 01 01 Luach saothair agus liúntais

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 36 556 000 | 35 763 000 | 32 695 903,91 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid seo a leanas i leith oifigigh agus foireann shealadach a shealbhaíonn poist ar an bplean bunaíochta:

— tuarastail, liúntais agus íocaíochtaí a bhaineann le tuarastail,

— árachas timpiste agus breoiteachta agus muirir slándála sóisialta eile,

— árachas dífhostaíochta le haghaidh foireann shealadach agus íocaíochtaí ón institiúid chun bheith ina gcearta pinsin nó chun cearta pinsin a choinneáil ar bun lena haghaidh ina tír thionscnaimh,

— liúntais ilghnéitheacha agus deontais,

— costas na n-ualuithe a chuirtear i bhfeidhm maidir le luach saothair oifigeach agus foirne sealadaí agus costas na n-ualuithe a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an gcuid de na díolaíochtaí a aistrítear chuig tír seachas tír na fostaíochta,

— costas aon uasdátaithe ar luach saothair le linn na bliana airgeadais.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 1 250 000 | 3 2 0 2 |

**CAIBIDIL O4 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O4 01 01 *(Ar lean.)*

O4 01 01 02 Costais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 248 000 | 263 000 | 50 498,82 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an méid seo a leanas i leith oifigigh agus foireann shealadach a shealbhaíonn poist ar an bplean bunaíochta:

— speansais taistil atá dlite d'oifigigh agus d'fhoireann shealadach (lena n-áirítear a dteaghlaigh) nuair a théann siad i mbun dualgais, nuair a fhágann siad an institiúid nó nuair a aistríonn siad chuig áit fostaíochta eile,

— liúntais suiteála agus athlonnaithe atá dlite d'oifigigh ar a bhfuil oibleagáid a n-áit chónaithe a athrú nuair a théann siad i mbun dualgais, nuair a aistríonn siad chuig áit fostaíochta nua agus ar deireadh nuair a fhágann siad an tseirbhís agus nuair a athlonnaíonn siad in áit eile,

— speansais aistrithe atá dlite d'oifigigh ar a bhfuil oibleagáid a n-áit chónaithe a athrú nuair a théann siad i mbun dualgais, nuair a aistríonn siad chuig áit fostaíochta nua agus ar deireadh nuair a fhágann siad an tseirbhís agus nuair a athlonnaíonn siad in áit eile.

O4 01 01 03 Beartas agus bainistiú an phearsanra

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar:

— ranníocaíocht na hOifige le costais an lárionaid áineasa agus le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh chultúrtha agus spóirt eile chun teagmháil shóisialta a chur chun cinn idir foireann náisiúntachtaí éagsúla,

— ranníocaíocht na hOifige le costais an Lárionaid Luath-Óige agus áiseanna feighlíochta leanaí eile,

— caiteachas le haghaidh na gcatagóirí daoine seo a leanas, mar chuid de bheartas chun cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas:

  — oifigigh agus foireann shealadach i bhfostaíocht ghníomhach,

  — céilí oifigeach agus foirne sealadaí i bhfostaíocht ghníomhach,

  — na leanaí cleithiúnacha uile de réir bhrí na Rialachán Foirne.

COIMISIÚN
AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — AN BHRUISÉIL

**CAIBIDIL O4 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O4 01 01 *(Ar lean.)*

O4 01 01 03 *(Ar lean.)*

Cumhdaítear leis, laistigh de theorainneacha an mhéid arna iontráil sa bhuiséad agus tar éis aon teidlíocht náisiúnta a dheonaítear sa tír chónaithe nó thionscnaimh a bheith éilithe, aon chaiteachas neamhliachta cuí-réasúnaithe a aithnítear is gá agus a eascraíonn as míchumas.

***O4 01 02 Pearsanra seachtrach***

O4 01 02 01 Pearsanra seachtrach — OIB

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 27 236 000 | 22 874 000 | 21 046 325,59 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar:

- luach saothair foirne ar conradh (de réir bhrí Theideal IV de na Coinníollacha Fostaíochta), scéim árachais shóisialta na hinstitiúide lena gcumhdaítear foireann ar conradh, mar a thuairiscítear i dTeideal IV, agus costas na n-ualuithe is infheidhme maidir le luach saothair na foirne sin,
- caiteachas a tabhaíodh (luach saothair, árachas, etc.) trí úsáid a bhaint as pearsanra seachtrach ar conradh faoin dlí príobháideach agus as foireann gníomhaireachta,
- costais phearsanra a áirítear i gconarthaí seirbhíse le haghaidh fochonraitheoireacht theicniúil agus riaracháin agus soláthar seirbhísí intleachtúla,
- an costas a bhaineann le státseirbhísigh náisiúnta nó saineolaithe eile ar iasacht nó sannachán sealadach don Oifig agus speansais fhorlíontacha a eascraíonn as oifigigh a thabhairt ar iasacht chuig státseirbhísí náisiúnta nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta,
- costas aon uasdátaithe ar luach saothair le linn na bliana airgeadais.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 4 885 000 | 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Rialacha lena rialaítear ainmniú agus luach saothair agus coinníollacha airgeadais eile a ghlacann an Coimisiún.

**CAIBIDIL O4 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O4 01 02 *(Ar lean.)*

O4 01 02 02 Pearsanra Seachtrach — Saoráidí cúraim leanaí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 12 873 000 | 13 774 000 | 14 624 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar:

— luach saothair foirne ar conradh (de réir bhrí Theideal IV de na Coinníollacha Fostaíochta), scéim árachais shóisialta na hinstitiúide lena gcumhdaítear foireann ar conradh, mar a thuairiscítear i dTeideal IV, agus costas na n-ualuithe is infheidhme maidir le luach saothair na foirne sin,

— caiteachas a tabhaíodh (luach saothair, árachas, etc.) trí úsáid a bhaint as pearsanra seachtrach ar conradh faoin dlí príobháideach agus as foireann gníomhaireachta,

— costais phearsanra a áirítear i gconarthaí seirbhíse le haghaidh fochonraitheoireacht theicniúil agus riaracháin agus soláthar seirbhísí intleachtúla,

— an costas a bhaineann le státseirbhísigh náisiúnta nó saineolaithe eile ar iasacht nó sannachán sealadach don Oifig agus speansais fhorlíontacha a eascraíonn as oifigigh a thabhairt ar iasacht chuig státseirbhísí náisiúnta nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta,

— costas aon uasdátaithe ar luach saothair le linn na bliana airgeadais.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 8 000 000 | 3 2 0 2 |

*Bunús dlí*

Rialacha lena rialaítear ainmniú agus luach saothair agus coinníollacha airgeadais eile a ghlacann an Coimisiún.

***O4 01 03*** ***Caiteachas bainistíochta eile***

O4 01 03 01 Speansais mhisean agus ionadaíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 80 000 | 80 000 | 109 076,60 |

**CAIBIDIL O4 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O4 01 03 *(Ar lean.)*

O4 01 03 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas seo a leanas:

— speansais taistil, liúntais cothaithe laethúla agus caiteachas breise nó eisceachtúil a tabhaíodh i dtaca le misin na foirne a chumhdaítear leis na Rialacháin Foirne agus le misin saineolaithe náisiúnta nó idirnáisiúnta nó oifigeach ar iasacht,

— aisíoc costas a thabhaíonn daoine a dhéanann ionadaíocht oifigiúil don Oifig (níl aisíoc indéanta le haghaidh speansais a tabhaíodh i bhfeidhmiú dualgas ionadaíochta maidir le foireann an Choimisiúin nó institiúidí eile den Aontas).

*Bunús dlí*

Rialacha lena rialaítear ainmniú agus luach saothair agus coinníollacha airgeadais eile a ghlacann an Coimisiún.

O4 01 03 02 Speansais a bhaineann le cruinnithe, grúpaí saineolaithe agus comhdhálacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 000 | 800 | 4 088,32 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas seo a leanas:

— speansais taistil, chothaithe agus theagmhasacha ag saineolaithe atá rannpháirteach i ngrúpaí staidéir agus i meithleacha, agus an costas a bhaineann leis na cruinnithe sin a eagrú i gcás nach gcumhdaítear iad leis an mbonneagar atá ann cheana i gceanncheathrú na n-institiúidí ná sna hoifigí seachtracha (aisíoctar saineolaithe ar bhonn cinntí a dhéanann an Coimisiún),

— caiteachas ilghnéitheach a bhaineann le comhdhálacha, comhthionóil agus cruinnithe ina bhfuil an Oifig rannpháirteach,

— caiteachas ar staidéir speisialaithe agus ar chomhairliúchán a chuirtear amach ar conradh do shaineolaithe ardcháilithe (daoine nádúrtha nó dlítheanacha) mura bhfuil foireann oiriúnach ar fáil ag an Oifig chun na staidéir sin a dhéanamh.

*Bunús dlí*

Rialacha lena rialaítear ainmniú agus luach saothair agus coinníollacha airgeadais eile a ghlacann an Coimisiún.

**CAIBIDIL O4 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O4 01 03 *(Ar lean.)*

O4 01 03 03 Oiliúint bhreise agus oiliúint bhainistíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 262 000 | 262 000 | 282 124,90 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas seo a leanas:

— caiteachas ar oiliúint chun feabhas a chur ar scileanna foirne agus feidhmíocht agus éifeachtúlacht na hOifige:

  — táillí saineolaithe atá fostaithe chun riachtanais oiliúna a shainaithint, cúrsaí a dhearadh, a fhorbairt agus a reáchtáil agus meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar thorthaí,

  — táillí sainchomhairleoirí i réimsí éagsúla, go háirithe modhanna eagraíochtúla, bainistiú, straitéis, cáilíocht agus bainistiú pearsanra,

  — an costas a bhaineann le freastal ar oiliúint sheachtrach agus le dul i bpáirt leis na heagraíochtaí gairmiúla ábhartha,

— caiteachas i ndáil leis na gnéithe praiticiúla a bhaineann le cúrsaí a eagrú, úsáid áitribh, iompar, béilí agus cóiríocht le haghaidh rannpháirtithe i gcúrsaí cónaithe,

— caiteachas oiliúna a bhaineann le foilseacháin agus faisnéis, suíomhanna idirlín bainteacha agus ceannachán trealaimh teagaisc, síntiús agus ceadúnas le haghaidh cianteagaisc, leabhar, táirgí preasa agus ilmheán,

— maoiniú áiseanna teagaisc.

*Bunús dlí*

Rialacha lena rialaítear ainmniú agus luach saothair agus coinníollacha airgeadais eile a ghlacann an Coimisiún.

O4 01 03 04 Cruinnithe inmheánacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 8 000 | 8 000 | 22 508,46 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas a bhaineann le sólaistí agus bia a riartar ar ócáidí speisialta le linn cruinnithe inmheánacha.

**CAIBIDIL O4 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O4 01 03 *(Ar lean.)*

O4 01 03 04 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialacha lena rialaítear ainmniú agus luach saothair agus coinníollacha airgeadais eile a ghlacann an Coimisiún.

***O4 01 04 Bonneagar agus lóistíocht***

*Bunús dlí*

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'obair le trealamh scáileán taispeána (an cúigiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 156, 21.6.1990, lch. 14).

O4 01 04 01 Cíosanna agus ceannacháin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 6 056 000 | 6 336 000 | 4 236 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear go háirithe:

— na costais a bhaineann le foirgnimh a cheannach nó a cheannach ar léas nó le foirgnimh a thógáil,

— cíos agus bunchíos agus seomraí comhdhála, seomraí stórais, garáistí agus saoráidí páirceála a fhruiliú.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 500 000 | 3 2 0 2 |

**CAIBIDIL O4 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O4 01 04 *(Ar lean.)*

O4 01 04 02 Caiteachas atá nasctha le foirgnimh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 990 000 | 1 945 000 | 3 807 295,45 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear go háirithe:

— préimheanna árachais ar na foirgnimh nó ar chodanna d'fhoirgnimh atá ar áitiú ag an Oifig,

— cineálacha éagsúla árachais,

— muirir uisce, gáis, leictreachais agus téimh le haghaidh na bhfoirgneamh nó codanna d'fhoirgnimh atá ar áitiú ag an Oifig,

— costais chothabhála le haghaidh áitribh, ardaitheoirí, téamh lárnach, trealamh aerchóiriúcháin, etc.; an caiteachas a tabhaíodh le hoibríochtaí glantacháin tráthrialta, lena n-áirítear ceannachán táirgí cothabhála, níocháin, neachtlainne agus tirimghlantacháin, etc., agus le hathphéinteáil, deisiú agus soláthairtí a úsáideann na ceardlanna cothabhála,

— caiteachas ar chóireáil, stóráil agus baint dramhaíola roghnaíoch,

— athchóiriú foirgneamh, e.g. athruithe ar scaradh, athruithe ar shuiteálacha teicniúla agus obair speisialaithe eile ar ghlais, trealamh leictreach, pluiméireacht, péinteáil agus clúdaigh urláir, agus an costas a bhaineann le hathruithe a dhéanamh ar an gcáblú atá bainteach le daingneáin, agus an costas a bhaineann leis an trealamh is gá (sula ndéantar conarthaí le haghaidh méid de bhreis ar EUR 300 000 a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, agus d'fhonn an caiteachas a réasúnú, ní mór don Oifig dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile maidir leis na coinníollacha (praghas, an t-airgeadra roghnaithe, innéacsú, fad, clásail eile) a fhaigheann gach ceann díobh le haghaidh conradh comhchosúil),

— speansais a bhaineann le slándáil fhisiceach agus ábhartha daoine agus maoine, go háirithe conarthaí chun foirgnimh a ghardáil, conarthaí chun suiteálacha slándála a chothabháil agus mionbaill trealaimh a cheannach (sula ndéantar conarthaí ar mhéid de bhreis ar EUR 300 000 a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, agus d'fhonn caiteachas a réasúnú, ní mór don Oifig dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile maidir leis na coinníollacha (praghas, an t-airgeadra roghnaithe, innéacsú, fad, clásail eile) a fhaigheann gach ceann díobh le haghaidh conradh comhchosúil),

— speansais a bhaineann le sláinte agus le sábháilteacht daoine aonair ag an obair, go háirithe trealamh comhraicthe dóiteáin a cheannach, a fhruiliú agus a chothabháil, athsholáthar trealaimh le haghaidh picéid dóiteáin agus costais a bhaineann le hiniúchadh reachtúil (sula ndéantar conarthaí ar mhéid de bhreis ar EUR 300 000 a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, agus d'fhonn caiteachas a réasúnú, ní mór don Oifig dul i gcomhairle le hinstitiúidí eile maidir leis na coinníollacha (praghas, an t-airgeadra roghnaithe, innéacsú, fad, clásail eile) a fhaigheann gach ceann díobh le haghaidh conradh comhchosúil),

— costas na dtáillí comhairliúcháin dhlíthiúil, airgeadais agus theicniúil roimh fhoirgnimh a fháil, a ligean ar cíos nó a thógáil,

COIMISIÚN
AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — AN BHRUISÉIL

**CAIBIDIL O4 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O4 01 04 *(Ar lean.)*

O4 01 04 02 *(Ar lean.)*

- caiteachas eile ar fhoirgnimh, go háirithe táillí bainistíochta le haghaidh foirgnimh iltionóntuithe, costais a bhaineann le suirbhéireachtaí a dhéanamh ar áitreabh agus muirir le haghaidh fóntas (bailiú dramhaíola etc.),
- táillí cúnaimh theicniúil a bhaineann le móroibríochtaí feistiúcháin le haghaidh áitribh.

O4 01 04 03 Trealamh agus troscán

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 117 000 | 128 000 | 73 095,55 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear go háirithe:

- trealamh teicniúil agus suiteálacha a cheannach, a fhruiliú nó a léasú, a chothabháil, a dheisiú, a shuiteáil agus a athnuachan,
- troscán a cheannach, a fhruiliú, a chothabháil agus a dheisiú,
- feithiclí a cheannach, a fhruiliú, a chothabháil agus a dheisiú,

O4 01 04 04 Seirbhísí agus caiteachas oibriúcháin eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 628 000 | 668 000 | 247 781,82 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear go háirithe:

- caiteachas ar threalamh oibre, agus go háirithe:
  - ceannachán éidí (go príomha le haghaidh teachtairí urláir, tiománaithe agus foireann bialainne agus caifitéire),
  - ceannachán agus glantachán éadaí oibre le haghaidh na foirne ceardlainne agus na foirne ar a gceanglaítear obair a dhéanamh ar gá cosaint lena haghaidh ar dhrochaimsir nó aimsir fhuar, caitheamh agus salachar neamhghnách,

  - ceannachán nó aisíoc an chostais a bhaineann le haon trealamh a bhféadfaidh gá a bheith leis de bhun Threoracha 89/391/CEE agus 90/270/CEE,

- aistrithe roinne agus atheagruithe agus láimhseáil (ag glacadh le seachadadh, ag stóráil, ag seachadadh) i leith trealaimh, troscáin agus soláthairtí oifige,

- an costas a bhaineann le páipéar, clúdaigh litreach, soláthairtí oifige agus soláthairtí le haghaidh na siopaí priontála a cheannach, agus le priontáil áirithe a dhéanann soláthraithe seirbhíse seachtracha,

- caiteachas poist agus muirir seachadta poist, ar phacáistí poist agus ar phacáistí eile a sheoltar d'aer, de mhuir nó d'iarnród, agus ar phost inmheánach na hOifige,

- caiteachas oibriúcháin eile nach ndéantar foráil maidir leis go sonrach thuas.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

## *O4 01 05 Caiteachas slándála agus rialaithe*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 136 000 | 1 136 000 | 1 075 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear go háirithe:

- speansais a bhaineann le slándáil fhisiceach agus ábhartha daoine agus maoine, go háirithe conarthaí chun foirgnimh a ghardáil, conarthaí chun suiteálacha slándála a chothabháil agus mionbhaill trealaimh a cheannach,

- speansais a bhaineann le sláinte agus le sábháilteacht daoine aonair ag an obair, go háirithe trealamh comhraicthe dóiteáin a cheannach, a fhruiliú agus a chothabháil, athsholáthar trealaimh le haghaidh picéid dóiteáin agus costais a bhaineann le hiniúchadh reachtúil.

Sula ndéantar conarthaí ar mhéid de bhreis ar EUR 300 000 a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, agus d'fhonn caiteachas a réasúnú, ní mór don Oifig dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile maidir leis na coinníollacha (praghas, an t-airgeadra roghnaithe, innéacsú, fad, clásail eile) a fhaigheann gach ceann díobh le haghaidh conradh comhchosúil.

*Bunús dlí*

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'obair le trealamh scáileán taispeána (an cúigiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 156, 21.6.1990, lch. 14).

### *O4 01 06 Caiteachas doiciméadúcháin agus leabharlainne*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le suíomh inlín an Choimisiúin a tháirgeadh agus a fhorbairt (My IntraComm), an míosachán intí *Commission en direct,* a tháirgeadh, síntiúis chun breathnú ar sheirbhísí sonraí, an costas a bhaineann le ceangal agus caiteachas eile is gá chun leabhair agus foilseacháin a chaomhnú, caiteachas ar shíntiúis le nuachtáin, tréimhseacháin speisialaithe, irisí oifigiúla, páipéir pharlaiminteacha, staidreamh trádála eachtraí, tuarascálacha gníomhaireachtaí nuachta agus foilseacháin speisialaithe éagsúla eile, agus ceannachán foilseachán agus saothar teicniúil i dtaca le gníomhaíochtaí na hOifige.

### *O4 01 07 Beartas agus bainistiú an bhonneagair*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais reatha agus an costais chlaochlúcháin le haghaidh bialann, caifitéirí agus ceaintíní.

### *O4 01 08 Caiteachas a bhaineann le gnóthaí dlí*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

O4 01 08 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na damáistí atá le seasamh ag an Oifig agus iad sin a eascraíonn as dliteanas tríú páirtí, agus caiteachas a bhaineann le cásanna áirithe inar gá, ar chúiseanna cothromais, cúiteamh a íoc gan aon éileamh dlíthiúil ag eascairt as sin.

### *O4 01 09 Teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide*

*Bunús dlí*

Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach (IO L 6, 11.1.2017, lch. 40)

Cinneadh (AE, Euratom) 2018/559 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2018 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh Airteagal 6 de Chinneadh (AE, Euratom) 2017/46 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach, (IO L 93, 11.4.2018, lch. 4).

Cúraimí a eascraíonn as sainphribhléidí an Choimisiúin ar an leibhéal institiúideach, amhail dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

O4 01 09 01 Córais faisnéise

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 093 493 | 2 593 493 | 2 685 059,15 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar córais faisnéise (i.e. feidhmchláir) na hOifige agus caiteachas gaolmhar. Áirítear ina raon feidhme costas na mbogearraí gnó agus na costais a bhaineann le feidhmchláir a fhorbairt, a bhainistiú agus a reáchtáil le haghaidh na hOifige. Cumhdaítear leis an méid seo a leanas go háirithe:

— forbairt córas faisnéise: acmhainní a bhaineann leis na seirbhísí pacáistíochta anailíse, dearaidh, forbartha, cóid, tástála agus scaoilte atá bainteach le tionscadail forbartha feidhmchlár,

— tacaíocht agus cothabháil le haghaidh córais faisnéise: na hoibríochtaí, an tacaíocht, an réiteach agus na mionfheabhsuithe atá bainteach le feidhmchláir atá ann cheana,

— éadáil bogearraí gnó: caiteachais bogearraí, lena n-áirítear ceadúnú, cothabháil agus tacaíocht a bhaineann le ceannacháin bogearraí réamhdhéanta,

COIMISIÚN
AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — AN BHRUISÉIL

**CAIBIDIL O4 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O4 01 09 *(Ar lean.)*

O4 01 09 01 *(Ar lean.)*

— bainistiú na gcóras faisnéise: costais i ndáil le bainistiú, riar agus pleanáil TF, lena n-áirítear caiteachas le haghaidh cúnamh maidir le bainistiú feidhmiúcháin, bainistíocht straitéiseach, ailtireacht fiontair, maoiniú TF agus bainistiú díoltóirí.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

| | | |
|---|---|---|
| Ioncam sannta eile | 1 209 098 | 3 2 0 2 |

O4 01 09 02 Ionad oibre digiteach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 697 000 | 1 875 000 | 1 652 245,76 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gairis ríomhaireachta úsáideora deiridh agus tacaíocht le haghaidh úsáideoirí deiridh. Áirítear lena raon feidhme costais chun gairis ríomhaireachta úsáideora deiridh a cheannach, a thógáil, a bhainistiú agus a reáchtáil, agus tacaíocht láraithe a sheachadadh ar úsáideoirí deiridh sa Choimisiún. Cumhdaítear leis an méid seo a leanas go háirithe:

— bonneagar ríomhaireachta pearsanta: deasca fisiceacha ríomhaireachta cliaint, ríomhairí glúine iniompartha, meaisíní caolchliaint, forimeallaithe (lena n-áirítear monatóirí, gairis phointeora agus printéirí pearsanta ceangailte) a úsáideann daoine aonair chun obair a dhéanamh,

— gairis shoghluaiste: táibléid ríomhaireachta cliaint, fóin chliste agus aipeanna a úsáideann daoine aonair chun obair a dhéanamh,

— bogearraí úsáideora deiridh: bogearraí a bhaineann le cliaint a úsáidtear chun doiciméid agus inneachar eile, amhail ríomhphoist, cumarsáid, cur teachtaireachtaí, próiseáil focal, scarbhileoga, cuir i láthair, foilsitheoireacht deisce agus grafaicí a scríobh, a chruthú, dul i gcomhar maidir leo agus iad a chomhroinnt,

— printéirí líonra: printéirí pearsanta nasctha le líonra, scairdphrintéirí dúigh, printéirí léasair, printéirí roinne nó cóipsheomra, etc.,

— comhdháil agus closchomhdháil/físchomhdháil: trealamh closchomhdhála agus físchomhdhála a úsáidtear i seomraí comhdhála go hiondúil agus seomraí teilealáithreachta tiomnaithe chun cumarsáid lucht saothair a chumasú,

— deasc chabhrach TF: acmhainní deisce cabhrach láraithe Leibhéal 1 a láimhseálann iarrataí úsáideora, a fhreagraíonn ceisteanna agus a réitíonn saincheisteanna,

— tacaíocht deisce: acmhainní tacaíochta áitiúla a sholáthraíonn tacaíocht ar an láthair le haghaidh aistrithe, suimithe, athruithe agus chun saincheisteanna a réiteach go coincréiteach,

**CAIBIDIL O4 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O4 01 09 *(Ar lean.)*

O4 01 09 02 *(Ar lean.)*

— speansais a bhaineann le sláinte agus le sábháilteacht daoine aonair ag an obair, go háirithe comhrac dóiteáin a cheannach, a fhruiliú agus a chothabháil.

O4 01 09 03 Lárionad sonraí agus seirbhísí líonraithe

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 690 000 | 2 331 000 | 3 610 488,67 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais a bhaineann le saoráidí Lárionaid Sonraí agus seirbhísí cumarsáide, mar aon le costais a bhaineann le slándáil agus le comhlíontacht TF. Cumhdaítear leis an méid seo a leanas go háirithe:

— Saoráidí Lárionaid Sonraí: saoráidí lárionaid sonraí saintógtha ina gcoimeádtar agus ina gcosnaítear trealamh TF criticiúil lena n-áirítear an spás, an chumhacht, na rialuithe comhshaoil, na racaí, an cáblú agus tacaíocht 'lámh chliste'; áirítear leis sin saoráidí eile amhail seomraí ríomhairí agus clóiséid ina gcoimeádtar trealamh TF i gceanncheathrú corparáideach, lárionaid ghlaonna nó foirgnimh oifige ilfhóinteacha eile,

— ríomhaireacht ar áitreabh agus néalbhunaithe; áirítear leis sin:

  — freastalaithe: freastalaithe fisiceacha agus fíorúla a ritear ar chórais oibríochta éagsúla; áirítear leis sin crua-earraí, bogearraí agus seirbhísí tacaíochta,

  — bonneagar comhtháite: fearais shaintógtha a sholáthraíonn cumais ríomhaireachta, stórála agus líonra i mbosca amháin,

  — mór-ríomhaire: mór-ríomhairí agus oibríochtaí traidisiúnta a ritheann córais oibríochta oidhreachta,

— stóráil ar áitreabh agus néalbhunaithe: lena soláthraítear stóráil sonraí láraithe agus lena gcoinnítear faisnéis agus sonraí, atá le haisghabháil níos déanaí, go slán. Is féidir go gcoinneofaí le stóráil sonraí le haghaidh feidhmchlár agus cód, bunachair sonraí, comhaid, meáin, ríomhphost agus foirmeacha eile faisnéise. Áirítear le stóráil trealamh agus bogearraí le haghaidh stóráil ar líne (le haghaidh an bhonneagair ríomhaireachta dháilte) agus stóráil as líne (le haghaidh cartlainne, cúltaca agus athshlánú chun tacú le caillteanas sonraí, truailliú sonraí, athshlánú ó thubaistí agus ceanglais chomhlíontachta),

— líonra: sonraí agus trealamh gutha i dteannta na modhanna iompair chun córais agus daoine a nascadh agus chun a chur ar a gcumas do dhaoine comhrá a dhéanamh le chéile; áirítear leis sin:

  — LAN/WAN: líonra achair logánta fisiceach agus gan sreang lena nasctar trealamh laistigh de na lárionaid bunsonraí agus lena nasctar úsáideoirí deiridh i limistéir oibre oifige le líonraí níos leithne na heagraíochta, agus trealamh agus seirbhísí tacaíochta líonra achair fhairsing lena nasctar lárionaid sonraí, oifigí agus tríú páirtithe go díreach,

  - guth: acmhainní gutha lena gcumasaítear nó lena ndáiltear seirbhísí gutha trí threalamh ar áitreabh lena n-áirítear PBX, VoIP, glórphost agus sásanna láimhe,
  - iompar: ciorcaid líonra sonraí agus saoráidí agus seirbhísí rochtana bainteacha; áirítear leis sin líonraí sonraí tiomnaithe agus fíorúla agus rochtain idirlín, mar aon le húsáid atá bainteach le soghluaisteacht agus trasdul sonraí eile bunaithe ar bhilleáil úsáide agus ciorcaid líonra gutha agus saoráidí agus seirbhísí rochtana bainteacha, mar aon le húsáid atá bainteach le gnáthghlaonna teileafóin. Is féidir go n-áireofar in iompar gutha agus sonraí teicneolaíochtaí trastíre agus neamh-thrastíre (e.g., satailít),
- ardán: costais atá bainteach le bunachair sonraí dháilte agus mór-ríomhaire agus córais meánearraí; áirítear leis sin bogearraí agus uirlisí bainistíochta bunachair sonraí, agus seirbhísí seachtracha,
- seachadadh: costais a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar oibríochtaí TF, le tacaíocht a thabhairt dóibh, le bainistíocht a dhéanamh orthu agus lena rith; áirítear leis sin:
  - Bainistiú seirbhíse TF: acmhainní a bhaineann leis na gníomhaíochtaí bainistithe cibirtheagmhais, faidhbe agus athraithe mar chuid de phróiseas bainistithe na seirbhíse TF (gan deasc chabhrach Leibhéal 1 a áireamh),
  - bainistiú clár, táirgí agus tionscadal: acmhainní a bhaineann le tionscadail TF a bhainistiú agus le tacú leo agus/nó forbairt leanúnach táirgí ar fud tionscnaimh ghnó agus tionscnaimh atá dírithe ar TF,
  - bainistiú cliaint: acmhainní nó ‘bainisteoirí cuntais’ atá ailínithe leis na línte gnó chun riachtanais ghnó a thuiscint, táirgí agus seirbhísí TF agus stádas tionscadal TF a chur in iúl,
  - lárionad oibríochtaí: acmhainní lárionaid oibríochtaí láraithe TF lena n-áirítear faireachán agus idirghabháil, e.g., lárionad oibríochtaí líonra (LOL), lárionad oibríochtaí domhanda (LOD),
- slándáil, comhlíontacht, athshlánú ó thubaistí: costais a bhaineann leis an tslándáil, leis an gcomhlíontacht agus leis an ullmhacht athshlánaithe ó thubaistí a shainiú, a bhunú, a fhorfheidhmiú agus a thomhas; áirítear leis sin:
  - slándáil: beartas a leagan síos maidir le hacmhainní slándála TF agus cibearshlándála, próiseas agus modhanna a leagan síos, comhlíontacht a thomhas agus freagairt ar sháruithe slándála agus slándáil oibríochtúil fíor-ama a sholáthar amhail scanadh leochaileachta, bainistiú ballaí dóiteáin, córais coiscthe ionraidh, agus faisnéis slándála agus bainistíocht imeachtaí,
  - comhlíontacht: beartas a leagan síos maidir le hacmhainní comhlíontachta TF, rialuithe a bhunú agus comhlíontacht le ceanglais dhlíthiúla agus chomhlíontachta ábhartha a thomhas,
  - athshlánú ó thubaistí: beartas athshlánaithe ó thubaistí a leagan síos maidir le hacmhainní athshlánaithe ó thubaistí TF, próiseas agus modhanna a bhunú, saoráidí teipaistrithe tiomnaithe, tástáil athshlánaithe ó thubaistí a dhéanamh,
- bonneagar bainistithe TF (lena n-áirítear lóistíocht): costais i ndáil le bonneagar TF a bhainistiú, a riar agus a phleanáil; áirítear leis sin caiteachas le haghaidh cúnamh maidir le bainistiú feidhmiúcháin, bainistíocht straitéiseach, ailtireacht fiontair, maoiniú TF agus bainistiú díoltóirí.

COIMISIÚN
AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — AN BHRUISÉIL

**CAIBIDIL O4 10 — CÚLCHISTÍ**

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***O4 10 01 Leithreasuithe sealadacha***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Is leithreasuithe sealadacha amháin atá sna leithreasuithe san airteagal seo agus ní féidir iad a úsáid ach amháin tar éis iad a aistriú chuig ceannteidil bhuiséid eile i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

***O4 10 02 Cúlchiste teagmhasach***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

COIMISIÚN

**AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — LUCSAMBURG**

COIMISIÚN
AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — LUCSAMBURG

# IONCAM

## *TEIDEAL 3*

## IONCAM RIARACHÁIN

### CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 0 | | | | |
| ***3 0 0*** | ***Cánacha agus tobhaigh*** | | | | |
| 3 0 0 0 | Cáin ar luach saothair | 1 198 000 | 1 108 000 | 1 052 850,98 | 87,88 |
| 3 0 0 1 | Tobhaigh speisialta ar luach saothair | 198 000 | 190 000 | 174 201,45 | 87,98 |
| | *Airteagal 3 0 0 — IOMLÁN* | 1 396 000 | 1 298 000 | 1 227 052,43 | 87,90 |
| ***3 0 1*** | ***Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin*** | | | | |
| 3 0 1 0 | Ranníocaíochtaí na foirne leis an scéim pinsin | 2 229 000 | 1 866 000 | 1 781 492,59 | 79,92 |
| | *Airteagal 3 0 1 — IOMLÁN* | 2 229 000 | 1 866 000 | 1 781 492,59 | 79,92 |
| | CAIBIDIL 3 0 — IOMLÁN | 3 625 000 | 3 164 000 | 3 008 545,02 | 82,99 |
| | **Teideal 3 — IOMLÁN** | **3 625 000** | **3 164 000** | **3 008 545,02** | **82,99** |

COIMISIÚN
AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — LUCSAMBURG

## *TEIDEAL 3*

## IONCAM RIARACHÁIN

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN**

***3 0 0 Cánacha agus tobhaigh***

3 0 0 0 Cáin ar luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 198 000 | 1 108 000 | 1 052 850,98 |

*Barúlacha*

Is é atá san ioncam seo na fáltais uile ón gcáin ar thuarastail, pá agus liúntais oifigeach agus seirbhíseach eile a asbhaintear gach mí ó thuarastail fhoireann na hOifige.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh

Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 260/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos na coinníollacha agus an nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm na cánach chun tairbhe na gComhphobal Eorpach (IO L 56, 4.3.1968, lch. 8).

*Gníomhartha tagartha*

Prótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 12 de.

3 0 0 1 Tobhaigh speisialta ar luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 198 000 | 190 000 | 174 201,45 |

*Barúlacha*

Is é atá san ioncam seo na fáltais uile ón ranníocaíocht shealadach ó luach saothair na n-oifigeach agus na seirbhíseach eile i bhfostaíocht ghníomhach a asbhaintear gach mí ó thuarastail fhoireann na hOifige.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 66a díobh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN** *(Ar lean.)*

### *3 0 1 Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin*

3 0 1 0 Ranníocaíochtaí na foirne leis an scéim pinsin

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 229 000 | 1 866 000 | 1 781 492,59 |

*Barúlacha*

Is é atá san ioncam seo na ranníocaíochtaí uile a asbhaintear gach mí ó thuarastail fhoireann na hOifige, i gcomhréir le hAirteagal 83(2) de na Rialacháin Foirne agus a úsáidtear chun an scéim pinsin a mhaoiniú.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh

COIMISIÚN
AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — LUCSAMBURG

*TEIDEAL 6*

## IONCAM, RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE BEARTAIS AN AONTAIS

### CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 6 6 | | | | |
| ***6 6 8*** | ***Ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 6 6 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Teideal 6 — IOMLÁN** | **p.m.** | **p.m.** | **0,—** | |

*TEIDEAL 6*

## IONCAM, RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE BEARTAIS AN AONTAIS

### CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE

### 6 6 8 *Ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile — Ioncam sannta*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá an t-airteagal seo beartaithe chun aon ioncam a fháil, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, nach ndéantar foráil maidir leis i gcodanna eile de Theideal 6 agus a úsáidtear chun leithreasuithe breise a sholáthar chun caiteachas dá bhfuil an t-ioncam seo sannta a mhaoiniú.

COIMISIÚN
AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — LUCSAMBURG

## CAITEACHAS

*TEIDEAL O5*

## AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — LUCSAMBURG

### CAIBIDIL O5 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL O5 01 | | | | |
| ***O5 01 01*** | ***Oifigigh agus foireann shealadach*** | | | | |
| O5 01 01 01 | Luach saothair agus liúntais | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 13 406 000 | 12 911 000 | 11 464 086,26 | 85,51 |
| O5 01 01 02 | Costais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 148 000 | 141 000 | 51 648,02 | 34,90 |
| O5 01 01 03 | Beartas agus bainistiú an phearsanra | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal O5 01 01 — IOMLÁN* | 13 554 000 | 13 052 000 | 11 515 734,28 | 84,96 |
| ***O5 01 02*** | ***Pearsanra seachtrach*** | | | | |
| O5 01 02 01 | Pearsanra seachtrach — OIL | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 8 155 000 | 7 470 000 | 8 641 603,19 | 105,97 |
| O5 01 02 02 | Pearsanra Seachtrach — Saoráidí cúraim leanaí | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 342 000 | 3 074 000 | 2 861 020,79 | 85,61 |
| | *Airteagal O5 01 02 — IOMLÁN* | 11 497 000 | 10 544 000 | 11 502 623,98 | 100,05 |
| ***O5 01 03*** | ***Caiteachas bainistíochta eile*** | | | | |
| O5 01 03 01 | Speansais mhisean agus ionadaíochta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 65 000 | 65 000 | 70 250,— | 108,08 |

**CAIBIDIL O5 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **O5 01 03** | *(Ar lean.)* | | | | |
| O5 01 03 02 | Speansais a bhaineann le cruinnithe, grúpaí saineolaithe agus comhdhálacha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 000 | 1 000 | 2 000,— | 200 |
| O5 01 03 03 | Oiliúint bhreise agus oiliúint bhainistíochta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 96 000 | 96 000 | 70 113,10 | 73,03 |
| O5 01 03 04 | Cruinnithe inmheánacha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 000 | 4 000 | 2 250,— | 75 |
| | *Airteagal O5 01 03 — IOMLÁN* | 165 000 | 166 000 | 144 613,10 | 87,64 |
| ***O5 01 04*** | ***Bonneagar agus lóistíocht*** | | | | |
| O5 01 04 01 | Cíosanna agus ceannacháin | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 620 000 | 2 152 000 | 1 993 000,— | 76,07 |
| O5 01 04 02 | Caiteachas atá nasctha le foirgnimh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 211 000 | 941 000 | 815 749,99 | 67,36 |
| O5 01 04 03 | Trealamh agus troscán | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 142 000 | 142 000 | 102 078,20 | 71,89 |
| O5 01 04 04 | Seirbhísí agus caiteachas oibriúcháin eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 63 200 | 66 400 | 71 641,23 | 113,36 |
| | *Airteagal O5 01 04 — IOMLÁN* | 4 036 200 | 3 301 400 | 2 982 469,42 | 73,89 |
| ***O5 01 05*** | ***Caiteachas slándála agus rialaithe*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 545 000 | 545 000 | 493 500,— | 90,55 |
| ***O5 01 06*** | ***Caiteachas doiciméadúcháin agus leabharlainne*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |

COIMISIÚN
AN OIFIG UM BONNEAGAR AGUS LÓISTÍOCHT — LUCSAMBURG

**CAIBIDIL O5 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL O5 10 — CÚLCHISTÍ**

***O6 01 02 Pearsanra seachtrach***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 920 000 | 2 537 000 | 3 250 812,73 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas seo a leanas:

— luach saothair foirne ar conradh (de réir bhrí Theideal IV de na Coinníollacha Fostaíochta), lena n-áirítear an fhoireann a chuirtear ar fáil do rúnaíocht an Choiste Maoirseachta, scéim árachais shóisialta na hinstitiúide lena gcumhdaítear foireann ar conradh, mar a thuairiscítear i dTeideal IV, agus costas na n-ualuithe is infheidhme maidir le luach saothair na foirne sin,

— caiteachas a tabhaíodh (luach saothair, árachas, etc.) trí úsáid a bhaint as foireann sheachtrach ar conradh faoin dlí príobháideach agus as foireann gníomhaireachta,

— costais phearsanra a áirítear i gconarthaí seirbhíse le haghaidh fochonraitheoireacht theicniúil agus riaracháin,

— an costas a bhaineann le státseirbhísigh náisiúnta nó saineolaithe eile ar iasacht nó sannachán sealadach don Oifig agus speansais fhorlíontacha a eascraíonn as oifigigh a thabhairt ar iasacht chuig státseirbhísí náisiúnta nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta,

— costas aon uasdátaithe ar luach saothair le linn na bliana airgeadais.

***O6 01 03 Caiteachas bainistíochta eile***

O6 01 03 01 Speansais mhisean agus ionadaíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 837 000 | 840 400 | 1 081 000,— |

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH FRITH-CHALAOISE (OLAF)

**CAIBIDIL O6 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O6 01 03 *(Ar lean.)*

O6 01 03 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas seo a leanas:

— speansais taistil, lena n-áirítear costais choimhdeacha a bhaineann le ticéid agus le háirithintí, liúntais cothaithe laethúla agus caiteachas breise nó eisceachtúil a tabhaíodh i dtaca le misin fhoireann an Choimisiúin a chumhdaítear leis na Rialacháin Foirne agus le misin saineolaithe náisiúnta nó idirnáisiúnta nó oifigeach a thugtar ar iasacht do ranna an Choimisiúin,

— aisíoc costas a thabhaíonn daoine a dhéanann ionadaíocht oifigiúil don Oifig (níl aisíoc indéanta le haghaidh speansais a tabhaíodh i bhfeidhmiú dualgas ionadaíochta maidir le foireann an Choimisiúin nó institiúidí eile den Aontas).

O6 01 03 02 Speansais a bhaineann le cruinnithe agus grúpaí saineolaithe

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 81 000 | 166 400 | 75 208,72 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas seo a leanas:

— speansais taistil, chothaithe agus theagmhasacha ag saineolaithe atá rannpháirteach i ngrúpaí staidéir agus i meithleacha, agus an costas a bhaineann leis na cruinnithe sin a eagrú i gcás nach gcumhdaítear iad leis an mbonneagar atá ann cheana i gceanncheathrú na n-institiúidí ná sna hoifigí seachtracha (aisíoctar saineolaithe ar bhonn cinntí a dhéanann an Coimisiún),

— caiteachas ilghnéitheach a bhaineann le comhdhálacha, comhthionóil agus cruinnithe ina bhfuil an Oifig rannpháirteach nó a eagraíonn sí.

O6 01 03 03 Staidéir agus comhairliúcháin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar staidéir speisialaithe agus ar chomhairliúcháin a chuirtear amach ar conradh do shaineolaithe ardcháilithe (daoine aonair nó gnólachtaí) mura bhfuil foireann oiriúnach ar fáil ag an gCoimisiún chun na staidéir sin a dhéanamh. Cumhdaítear leis sin freisin ceannachán staidéar a rinneadh cheana nó síntiúis le hinstitiúidí taighde speisialaithe.

**CAIBIDIL O6 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O6 01 03 *(Ar lean.)*

O6 01 03 04 Oiliúint bhreise agus oiliúint bhainistíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 138 000 | 138 000 | 245 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas seo a leanas:

- an costas a bhaineann le freastal ar oiliúint sheachtrach agus le dul i bpáirt leis na heagraíochtaí gairmiúla ábhartha,
- oiliúint ghinearálta chun feabhas a chur ar scileanna foirne agus feidhmíocht agus éifeachtúlacht na hOifige:
  - táillí saineolaithe atá fostaithe chun riachtanais oiliúna a shainaithint, cúrsaí a dhearadh, a fhorbairt agus a reáchtáil agus meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar thorthaí,
  - táillí sainchomhairleoirí i réimsí éagsúla, go háirithe modhanna eagraíochtúla, bainistiú, straitéis, cáilíocht agus bainistiú pearsanra,
- caiteachas i ndáil leis na gnéithe praiticiúla a bhaineann le cúrsaí a eagrú, úsáid áitribh, iompar, béilí agus cóiríocht le haghaidh rannpháirtithe i gcúrsaí cónaithe,
- caiteachas oiliúna a bhaineann le foilseacháin agus faisnéis, suíomhanna idirlín bainteacha agus ceannachán trealaimh teagaisc, síntiús agus ceadúnas le haghaidh cianteagaisc, leabhar, táirgí preasa agus ilmheán,
- maoiniú áiseanna teagaisc.

O6 01 03 05 Cruinnithe inmheánacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 6 000 | 15 200 | 6 188,06 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas a bhaineann le sólaistí agus bia a riartar ar ócáidí speisialta le linn cruinnithe inmheánacha.

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH FRITH-CHALAOISE (OLAF)

**CAIBIDIL O6 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

### *O6 01 04 Bonneagar agus lóistíocht*

*Bunús dlí*

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'obair le trealamh scáileán taispeána (an cúigiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 156, 21.6.1990, lch. 14).

O6 01 04 01 Cíosanna agus ceannacháin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 5 832 000 | 5 696 000 | 5 754 126,20 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, go háirithe:

— foirgnimh a cheannach nó a ligean ar cíos agus an rogha ann foirgnimh a cheannach nó foirgnimh a thógáil,

— íocaíocht cíosanna agus muirear léasúcháin, cánacha éagsúla agus feidhmiú roghanna ceannacháin a bhaineann le foirgnimh ar áitiú nó le codanna d'fhoirgnimh, agus seomraí comhdhála, seomraí stórais, garáistí agus saoráidí páirceála a fhruiliú.

O6 01 04 02 Caiteachas atá nasctha le foirgnimh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 192 000 | 1 155 000 | 975 566,81 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, go háirithe:

— íocaíocht préimheanna árachais ar fhoirgnimh nó ar chodanna d'fhoirgnimh atá ar áitiú ag an Oifig,

— muirir uisce, gáis, leictreachais agus téimh a bhaineann leis na foirgnimh nó leis na codanna d'fhoirgnimh atá ar áitiú ag an Oifig,

— cineálacha éagsúla árachais (go háirithe dliteanas tríú páirtí agus árachas in aghaidh gadaíochta),

**CAIBIDIL O6 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O6 01 04 *(Ar lean.)*

O6 01 04 02 *(Ar lean.)*

— costais chothabhála le haghaidh áitribh, ardaitheoirí, téamh lárnach, trealamh aerchóiriúcháin, etc.; is é is údar leis an gcaiteachas oibriúcháin glantacháin tráthrialta, ceannachán táirgí cothabhála, níocháin, neachtlainne agus tirimghlantacháin, etc., agus athphéinteáil, deisiú agus soláthairtí a úsáideann na ceardlanna cothabhála,

— caiteachas ar chóireáil, stóráil agus baint dramhaíola roghnaíoch,

— athchóiriú foirgneamh, e.g. athruithe ar scaradh, athruithe ar shuiteálacha teicniúla agus obair speisialaithe eile ar ghlais, trealamh leictreach, pluiméireacht, péinteáil agus clúdaigh urláir, agus an costas a bhaineann le hathruithe a dhéanamh ar an gcáblú atá bainteach le daingneáin, agus an costas a bhaineann leis an trealamh is gá (sula ndéantar conarthaí le haghaidh méid de bhreis ar EUR 300 000 a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, agus d'fhonn an caiteachas a réasúnú, ní mór don Oifig dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile maidir leis na coinníollacha (praghas, an t-airgeadra roghnaithe, innéacsú, fad, clásail eile) a fhaigheann gach ceann díobh le haghaidh conradh comhchosúil),

— costas na dtáillí comhairliúcháin dhlíthiúil, airgeadais agus theicniúil roimh fhoirgnimh a fháil, a ligean ar cíos nó a thógáil,

— caiteachas eile ar fhoirgnimh, go háirithe táillí bainistíochta le haghaidh foirgnimh iltionóntuithe, costais a bhaineann le suirbhéireachtaí a dhéanamh ar áitreabh agus muirir le haghaidh fóntas (bailiú dramhaíola etc.),

— táillí cúnaimh theicniúil a bhaineann le mórobair athfheistiúcháin ar áitreabh.

O6 01 04 03 Trealamh agus troscán

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 117 000 | 145 000 | 98 460,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, go háirithe:

— trealamh teicniúil agus suiteálacha a cheannach, a fhruiliú nó a léasú, a chothabháil, a dheisiú, a shuiteáil agus a athnuachan,

— troscán a cheannach, a fhruiliú, a chothabháil agus a dheisiú,

— feithiclí a cheannach, a fhruiliú, a chothabháil agus a dheisiú.

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH FRITH-CHALAOISE (OLAF)

**CAIBIDIL O6 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O6 01 04 *(Ar lean.)*

O6 01 04 04 Seirbhísí agus caiteachas oibriúcháin eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 162 000 | 222 000 | 153 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, go háirithe:

— aistrithe roinne agus atheagruithe agus láimhseáil (ag glacadh le seachadadh, ag stóráil, ag seachadadh) i leith trealaimh, troscáin agus soláthairtí oifige,

— an costas a bhaineann le páipéar, clúdaigh litreach, soláthairtí oifige agus soláthairtí le haghaidh na siopaí priontála a cheannach, agus le priontáil áirithe a dhéanann soláthraithe seirbhíse seachtracha,

— muirir phoist agus sheachadta ar ghnáthphost, ar thuarascálacha agus foilseacháin, ar phacáistí poist agus pacáistí eile a sheoltar d'aer, de mhuir nó d'iarnród, agus ar phost inmheánach an Choimisiúin,

— caiteachas ar threalamh oibre, agus go háirithe:

  — ceannachán éidí le haghaidh teachtairí urláir agus tiománaithe,

  — ceannachán agus glantachán éadaí oibre le haghaidh na foirne ceardlainne agus na foirne ar a gceanglaítear obair a dhéanamh ar gá cosaint lena haghaidh ar dhrochaimsir nó aimsir fhuar, caitheamh agus salachar neamhghnách,

  — ceannachán nó aisíoc aon trealaimh a bhféadfaidh gá a bheith leis de bhun Threoracha 89/391/CEE agus 90/270/CEE,

— caiteachas oibriúcháin eile nach ndéantar foráil maidir leis go sonrach thuas.

O6 01 04 05 Caiteachas aistriúcháin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le seirbhísí aistriúcháin.

**CAIBIDIL O6 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

### *O6 01 05 Caiteachas slándála agus rialaithe*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 333 000 | 333 000 | 326 289,11 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh na hOifige agus caiteachas gaolmhar eile, go háirithe:

— speansais a bhaineann le slándáil fhisiceach agus ábhartha daoine agus maoine, go háirithe conarthaí chun foirgnimh a ghardáil, conarthaí chun suiteálacha slándála a chothabháil agus mionbhaill trealaimh a cheannach,

— speansais a bhaineann le sláinte agus le sábháilteacht daoine aonair ag an obair, go háirithe trealamh comhraicthe dóiteáin a cheannach, a fhruiliú agus a chothabháil, athsholáthar trealaimh le haghaidh picéid dóiteáin agus costais a bhaineann le hiniúchadh reachtúil.

Sula ndéantar conarthaí ar mhéid de bhreis ar EUR 300 000 a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, agus d'fhonn caiteachas a réasúnú, ní mór don Oifig dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile maidir leis na coinníollacha (praghas, an t-airgeadra roghnaithe, innéacsú, fad, clásail eile) a fhaigheann gach ceann díobh le haghaidh conradh comhchosúil.

*Bunús dlí*

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'obair le trealamh scáileán taispeána (an cúigiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 156, 21.6.1990, lch. 14).

### *O6 01 06 Caiteachas doiciméadúcháin agus leabharlainne*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 5 000 | 10 000 | 4 150,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le suíomh inlín an Choimisiún (My IntraComm) a tháirgeadh agus fhorbairt; síntiúis chun breathnú ar sheirbhísí sonraí, an costas a bhaineann le ceangal agus caiteachas eile is gá chun leabhair agus foilseacháin a chaomhnú, caiteachas ar shíntiúis le nuachtáin, tréimhseacháin speisialaithe, agus ceannachán foilseachán agus saothar teicniúil i dtaca le gníomhaíochtaí na hOifige.

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH FRITH-CHALAOISE (OLAF)

**CAIBIDIL O6 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

### *O6 01 07 Beartas agus bainistiú an bhonneagair*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais reatha agus an costais chlaochlúcháin le haghaidh bialann, caifitéirí agus ceaintíní.

### *O6 01 08 Caiteachas a bhaineann le gnóthaí dlí*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na damáistí atá le seasamh ag an Oifig agus iad sin a eascraíonn as dliteanas tríú páirtí, agus caiteachas a bhaineann le cásanna áirithe inar gá, ar chúiseanna cothromais, cúiteamh a íoc gan aon éileamh dlíthiúil ag eascairt as sin.

### *O6 01 09 Teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide*

*Gníomhartha tagartha*

Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach (IO L 6, 11.1.2017, lch. 40).

Cinneadh (AE, Euratom) 2018/559 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2018 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh Airteagal 6 de Chinneadh (AE, Euratom) 2017/46 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach (IO L 93, 11.4.2018, lch. 4).

O6 01 09 01 Córais faisnéise

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 4 213 830 | 4 213 650 | 964 730,89 |

**CAIBIDIL O6 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O6 01 09 *(Ar lean.)*

O6 01 09 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar córais faisnéise (i.e. feidhmchláir) na hOifige agus caiteachas gaolmhar. Áirítear leis an raon feidhme costas na mbogearraí gnó agus na costais a bhaineann le feidhmchláir a fhorbairt, a bhainistiú agus a reáchtáil le haghaidh na hOifige. Cumhdaítear leis an méid seo a leanas go háirithe:

— forbairt córas faisnéise: acmhainní a bhaineann leis na seirbhísí pacáistíochta anailíse, dearaidh, forbartha, cóid, tástála agus scaoilte atá bainteach le tionscadail forbartha feidhmchlár,

— tacaíocht agus cothabháil le haghaidh córais faisnéise: na hoibríochtaí, an tacaíocht, an réiteach agus na mionfheabhsuithe atá bainteach le feidhmchláir atá ann cheana,

— éadáil bogearraí gnó: caiteachais bogearraí, lena n-áirítear ceadúnú, cothabháil agus tacaíocht a bhaineann le ceannacháin bogearraí réamhdhéanta,

— bainistiú na gcóras faisnéise: costais i ndáil le bainistiú, riar agus pleanáil TF, lena n-áirítear caiteachas le haghaidh cúnamh maidir le bainistiú feidhmiúcháin, bainistíocht straitéiseach, ailtireacht fiontair, maoiniú TF agus bainistiú díoltóirí.

O6 01 09 02 Ionad oibre digiteach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 53 364,68 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gairis ríomhaireachta úsáideora deiridh agus tacaíocht le haghaidh úsáideoirí deiridh. Áirítear lena raon feidhme costais chun gairis ríomhaireachta úsáideora deiridh a cheannach, a thógáil, a bhainistiú agus a reáchtáil, agus tacaíocht láraithe a sheachadadh ar úsáideoirí deiridh sa Choimisiún. Cumhdaítear leis an méid seo a leanas go háirithe:

— bonneagar ríomhaireachta pearsanta: deasca fisiceacha ríomhaireachta cliaint, ríomhairí glúine iniompartha, meaisíní caolchliaint, forimeallaithe (lena n-áirítear monatóirí, gairis phointeora agus printéirí pearsanta ceangailte) a úsáideann daoine aonair chun obair a dhéanamh,

— gairis shoghluaiste: táibléid ríomhaireachta cliaint, fóin chliste agus aipeanna a úsáideann daoine aonair chun obair a dhéanamh,

— bogearraí úsáideora deiridh: bogearraí a bhaineann le cliaint a úsáidtear chun doiciméid agus inneachar eile, amhail ríomhphoist, cumarsáid, cur teachtaireachtaí, próiseáil focal, scarbhileoga, cuir i láthair, foilsitheoireacht deisce agus grafaicí a scríobh, a chruthú, dul i gcomhar maidir leo agus iad a chomhroinnt,

— printéirí líonra: printéirí pearsanta nasctha le líonra, scairdphrintéirí dúigh, printéirí léasair, printéirí roinne nó cóipsheomra, etc.,

**CAIBIDIL O6 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O6 01 09 *(Ar lean.)*

O6 01 09 02 *(Ar lean.)*

— comhdháil agus closchomhdháil/físchomhdháil: trealamh closchomhdhála agus físchomhdhála a úsáidtear i seomraí comhdhála agus seomraí teilealáithreachta tiomnaithe go hiondúil chun cumarsáid lucht saothair a chumasú,

— deasc chabhrach TF: acmhainní deisce cabhrach láraithe Leibhéal 1 a láimhseálann iarrataí úsáideora, a fhreagraíonn ceisteanna agus a réitíonn saincheisteanna,

— tacaíocht in aice láimhe: acmhainní tacaíochta áitiúla a sholáthraíonn tacaíocht ar an láthair le haghaidh aistrithe, suimithe, athruithe agus chun saincheisteanna a réiteach go coincréiteach.

O6 01 09 03 Lárionad Sonraí agus seirbhísí líonraithe

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 462 820 | 1 463 000 | 4 881 442,94 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais a bhaineann le saoráidí Lárionaid Sonraí agus seirbhísí cumarsáide, mar aon le costais a bhaineann le slándáil agus le comhlíontacht TF. Cumhdaítear leis an méid seo a leanas go háirithe:

— saoráidí lárionaid sonraí: saoráidí lárionaid sonraí saintógtha ina ndéantar trealamh TF criticiúil a choimeád agus a chosaint, lena n-áirítear an spás, an chumhacht, na rialuithe comhshaoil, na racaí, an cáblú agus tacaíocht 'lámh chliste'; áirítear leis sin saoráidí eile amhail seomraí ríomhairí agus clóiséid ina gcoimeádtar trealamh TF i gceanncheathrú corparáideach, lárionaid ghlaonna nó foirgnimh oifige ilfhóinteacha eile,

— ríomhaireacht ar áitreabh agus néalbhunaithe; áirítear leis sin:

  — freastalaithe: freastalaithe fisiceacha agus fíorúla a ritear ar chórais oibríochta éagsúla; áirítear leis sin crua-earraí, bogearraí agus seirbhísí tacaíochta,

  — bonneagar comhtháite: fearais shaintógtha a sholáthraíonn cumais ríomhaireachta, stórála agus líonra i mbosca amháin,

  — mór-ríomhaire: mór-ríomhairí agus oibríochtaí traidisiúnta a ritheann córais oibríochta oidhreachta,

— stóráil ar áitreabh agus néalbhunaithe: lena soláthraítear stóráil sonraí láraithe agus lena gcoinnítear go slán faisnéis agus sonraí atá le haisghabháil níos déanaí. Leis an stóráil a dhéanfar, féadfar sonraí le haghaidh feidhmchlár agus cód, bunachair sonraí, comhad, meán, ríomhphost agus foirmeacha eile faisnéise a choinneáil. Áirítear léi trealamh agus bogearraí le haghaidh stóráil ar líne (le haghaidh an bhonneagair ríomhaireachta dháilte) agus stóráil as líne (le haghaidh cartlainne, cúltaca agus athshlánú chun tacú le caillteanas sonraí, truailliú sonraí, athshlánú ó thubaistí agus ceanglais chomhlíontachta),

**CAIBIDIL O6 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O6 01 09 *(Ar lean.)*

O6 01 09 03 *(Ar lean.)*

- líonra: sonraí agus trealamh gutha i dteannta na modhanna iompair chun córais agus daoine a nascadh agus chun a chur ar a gcumas do dhaoine comhrá a dhéanamh le chéile; áirítear leis sin:
  - LAN/WAN: líonra achair logánta fisiceach agus gan sreang lena nasctar trealamh laistigh de na lárionaid bunsonraí agus lena nasctar úsáideoirí deiridh i limistéir oibre oifige le líonraí níos leithne na heagraíochta, agus trealamh agus seirbhísí tacaíochta líonra achair fhairsing lena nasctar lárionaid sonraí, oifigí agus tríú páirtithe go díreach,
  - guth: acmhainní gutha lena gcumasaítear nó lena ndáiltear seirbhísí gutha trí threalamh ar áitreabh lena n-áirítear PBX, VoIP, glórphost agus sásanna láimhe,
  - iompar: ciorcaid líonra sonraí agus saoráidí agus seirbhísí rochtana bainteacha; áirítear leis líonraí sonraí tiomnaithe agus fíorúla agus rochtain idirlín, mar aon le húsáid atá bainteach le soghluaisteacht agus trasdul sonraí eile bunaithe ar bhilleáil úsáide, agus ciorcaid líonra gutha agus saoráidí agus seirbhísí rochtana bainteacha, mar aon le húsáid atá bainteach le gnáthghlaonna teileafóin. Is féidir go n-áireofar in iompar gutha agus sonraí teicneolaíochtaí trastíre agus neamh-thrastíre (e.g., satailít),
- ardán: costais atá bainteach le bunachair sonraí dháilte agus mór-ríomhaire agus córais meánearraí; áirítear leis sin bogearraí agus uirlisí bainistíochta bunachair sonraí, agus seirbhísí seachtracha,
- seachadadh: costais a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar oibríochtaí TF, le tacaíocht a thabhairt dóibh, le bainistíocht a dhéanamh orthu agus lena rith; áirítear leis sin:
  - Bainistiú seirbhíse TF: acmhainní a bhaineann leis na gníomhaíochtaí bainistithe cibirtheagmhais, faidhbe agus athraithe mar chuid de phróiseas bainistithe na seirbhíse TF (gan deasc chabhrach Leibhéal 1 a áireamh),
  - bainistiú clár, táirgí agus tionscadal: acmhainní a bhaineann le tionscadail TF a bhainistiú agus le tacú leo agus/nó forbairt leanúnach táirgí ar fud tionscnaimh ghnó agus tionscnaimh atá dírithe ar TF,
  - bainistiú cliaint: acmhainní nó ‘bainisteoirí cuntais’ atá ailínithe leis na línte gnó chun riachtanais ghnó a thuiscint, táirgí agus seirbhísí TF agus stádas tionscadal TF a chur in iúl,
  - lárionad oibríochtaí: acmhainní lárionaid oibríochtaí TF láraithe lena n-áirítear faireachán agus idirghabháil, e.g., lárionad oibríochtaí líonra (LOL), lárionad oibríochtaí domhanda (LOD),
- slándáil, comhlíontacht, athshlánú ó thubaistí: costais a bhaineann leis an tslándáil, leis an gcomhlíontacht agus leis an ullmhacht athshlánaithe ó thubaistí a shainiú, a bhunú, a fhorfheidhmiú agus a thomhas; áirítear leis sin:
  - slándáil: beartas a leagan síos maidir le hacmhainní slándála TF agus cibearshlándála, próiseas agus modhanna a leagan síos, comhlíontacht a thomhas agus freagairt ar sháruithe slándála agus slándáil oibríochtúil fíor-ama a sholáthar amhail scanadh leochaileachta, bainistiú ballaí dóiteáin, córais coiscthe ionraidh, agus faisnéis slándála agus bainistiú imeachtaí,
  - comhlíontacht: beartas a leagan síos maidir le hacmhainní comhlíontachta TF, rialuithe a bhunú agus comhlíontacht le ceanglais dhlíthiúla agus chomhlíontachta ábhartha a thomhas,

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH FRITH-CHALAOISE (OLAF)

**CAIBIDIL O6 01 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

O6 01 09 *(Ar lean.)*

O6 01 09 03 *(Ar lean.)*

- athshlánú ó thubaistí: beartas athshlánaithe ó thubaistí a leagan síos maidir le hacmhainní athshlánaithe ó thubaistí TF, próiseas agus modhanna a bhunú, saoráidí teipaistrithe tiomnaithe, tástáil athshlánaithe ó thubaistí a dhéanamh,

- bonneagar bainistithe TF (lena n-áirítear lóistíocht): costais i ndáil le bonneagar TF a bhainistiú, a riar agus a phleanáil; áirítear leis sin caiteachas le haghaidh cúnamh maidir le bainistiú feidhmiúcháin, bainistíocht straitéiseach, ailtireacht fiontair, maoiniú TF agus bainistiú díoltóirí.

**CAIBIDIL O6 02 — GNÍOMHAÍOCHTAÍ SONRACHA**

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

***O6 02 01 Rialuithe, staidéir, anailísí agus gníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 950 000 | 650 000 | 462 222,96 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an gcaiteachas uile ar bhearta chun calaois a chomhrac nach dtagann faoi oibríochtaí riaracháin na hOifige.

Tá sé beartaithe, go háirithe, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an fhaisnéis uile atá úsáideach chun calaois a bhrath agus a shaothrú (e.g. trí bhunachair sonraí) a chuardach, a bhailiú, a scrúdú, a úsáid agus a chur ar aghaidh chuig ranna náisiúnta imscrúdaithe,

- tacú le hiarrachtaí na mBallstát, go háirithe i gcás calaois idirnáisiúnta, nuair is gá gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais,

**CAIBIDIL O6 02 — GNÍOMHAÍOCHTAÍ SONRACHA** *(Ar lean.)*

O6 02 01 *(Ar lean.)*

— bearta a mhaoiniú chun éifeachtacht beart coisctheach, iniúchtaí agus imscrúduithe a mhéadú,

— an comhar le riaracháin náisiúnta a neartú, go háirithe chun smuigléireacht toitíní a chomhrac,

— faireachán agus iniúchtaí ar an láthair a eagrú agus páirt a ghlacadh iontu,

— speansais taistil agus liúntais chothaithe a mhaoiniú le haghaidh cigirí agus giúistísí náisiúnta a oibríonn ar an gcoigríoch i dtaca le cuairteanna rialaithe, iniúchtaí ar an láthair, cruinnithe comhordúcháin agus chun críoch iniúchadh go ginearálta,

— cumhdach a dhéanamh ar speansais taistil, liúntais chothaithe agus costais choimhdeacha saineolaithe atá fostaithe ag an Oifig le linn a himscrúduithe chun tuairim ghairmiúil a thabhairt ar ábhar sonrach,

— na costais a bhaineann le comhdhálacha, comhthionóil agus cruinnithe a eagraíonn an Oifig ina hoibre frithchalaoise, a chumhdach.

***O6 02 02 Bearta faisnéise agus cumarsáide***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 150 000 | 150 000 | 301 627,01 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas a bhaineann le bearta faisnéise agus cumarsáide a dhéanann an Oifig.

Tá ról lárnach ag straitéis sheachtrach um faisnéis agus cumarsáid na hOifige ina cuid oibre. Cuireadh an Oifig ar bun mar chomhlacht neamhspleách imscrúdaitheach agus dá bhrí sin ní mór a straitéis cumarsáide féin a bheith aici. Is minic atá obair na hOifige rótheicniúil chun go mbeidh tuiscint ag an bpobal i gcoitinne uirthi láithreach. Ní mór don Oifig a hidirghabhálaithe agus an pobal ina iomláine a chur ar an eolas faoina ról agus faoina cúraimí. Tá ríthábhacht leis an tuiscint atá ag an bpobal ar obair na hOifige.

Mar roinn de chuid an Choimisiúin, is gá don Oifig an t-easnamh daonlathach atá ann idir institiúidí an Aontais agus saoránaigh na hEorpa a chur san áireamh freisin. Tá an t-easnamh sin aitheanta ag an gCoimisiún agus tá plean gníomhaíochta tarraingthe suas aige chun dul i ngleic leis.

Leis an straitéis cumarsáide atá forbartha ag an Oifig agus a leanann sí de bheith á cur chun feidhme, ní mór neamhspleáchas na hOifige a léiriú.

COIMISIÚN
AN OIFIG EORPACH FRITH-CHALAOISE (OLAF)

**CAIBIDIL O6 10 — CÚLCHISTÍ**

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***O6 10 01 Leithreasuithe sealadacha***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Is leithreasuithe sealadacha amháin atá sna leithreasuithe arna n-iontráil sa chaibidil seo agus ní fhéadfar iad a úsáid ach amháin tar éis iad a aistriú chuig caibidlí eile i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos chun na críche sin sa Rialachán Airgeadais.

***O6 10 02 Cúlchiste teagmhasach***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

COIMISIÚN

## TREOIRTHIONSCADAIL AGUS BEARTA ULLMHÚCHÁIN

COIMISIÚN

## TREOIRTHIONSCADAIL

# CAITEACHAS

## *TEIDEAL PP*

## TREOIRTHIONSCADAIL

**CAIBIDIL PP 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| | CAIBIDIL PP 01 | | | | | | | |
| ***PP 01 16*** | ***2016*** | | | | | | | |
| PP 01 16 01 | Treoirthionscadal — Imdhíonadh máthartha: bearnaí eolais a dhruidim chun imdhíonadh máthartha i suíomhanna ina bhfuil líon íseal acmhainní a chur chun cinn | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 239 955,60 | |
| | *Airteagal PP 01 16 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 239 955,60 | |
| ***PP 01 18*** | ***2018*** | | | | | | | |
| PP 01 18 01 | Treoirthionscadal — Graf ar éiceachóras tionscnamh agus méadaithe na hEorpa | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 336 471,— | |
| PP 01 18 02 | Treoirthionscadal — Ealaín agus cúrsaí digiteacha: Ag nochtadh na cruthaitheachta d'earnáil tionsclaíochta, do réigiúin agus do shochaí na hEorpa | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| PP 01 18 03 | Treoirthionscadal — Éiceachóras Eorpach de theicneolaíochtaí mórleabhar dáilte chun leasa shóisialta agus phoiblí | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 120 000,— | |
| | *Airteagal PP 01 18 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 456 471,— | |
| ***PP 01 19*** | ***2019*** | | | | | | | |
| PP 01 19 01 | Treoirthionscadal — Teicneolaíochtaí iarfheistithe a thástáil | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 419 972,40 | |
| PP 01 19 02 | Treoirthionscadal — Bainistíocht tráchta spáis | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 223 880,— | |

COIMISIÚN
*TREOIRTHIONSCADAIL*

**CAIBIDIL PP 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **PP 01 19** | *(Ar lean.)* | | | | | | | |
| PP 01 19 03 | Treoirthionscadal — Conairí tionchair a aithint agus táscairí a fhorbairt chun tionchar sochaíoch Taighde agus Nuálaíocht bithleighis atá maoinithe ag an Aontas a rianú agus a thomhas | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 131 820,— | |
| PP 01 19 04 | Treoirthionscadal — Taighde ar astaíochtaí CO2 a laghdú i dtáirgeadh cruach | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 249 522,49 | |
| PP 01 19 05 | Treoirthionscadal — 'Girls 4 STEM' (Cailíní ar son STEM) san Eoraip | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | 69 290 | 0,— | 0,— | |
| PP 01 19 06 | Treoirthionscadal — Ardán digiteach Eorpach de sholáthraithe ábhar ardchaighdeáin | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | 97 626 | 0,— | 385 550,— | |
| PP 01 19 09 | Treoirthionscadal — An mhodheolaíocht taighde 'Creat Ilghnéitheach Éagothroime' a chur chun feidhme le haghaidh an Aontais Eorpaigh | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| | *Airteagal PP 01 19 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | p.m. | 166 916 | 0,— | 1 410 744,89 | |
| ***PP 01 20*** | ***2020*** | | | | | | | |
| PP 01 20 01 | Treoirthionscadal — Athléimneacht eitlíochta i leith trasnaíocht GNSS agus cibearbhagairtí | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | 600 000 | 0,— | 449 904,60 | |
| PP 01 20 02 | Treoirthionscadal — Úsáid Galileo agus EGNOS chun líon na mbásanna a bhaineann le stad cairdiach a laghdú | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 300 790,— | |
| PP 01 20 03 | Treoirthionscadal — Ealaín agus cúrsaí digiteacha: cruthaitheacht a scaoileadh le haghaidh bhainistiú uisce na hEorpa | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | 396 292 | 0,— | 0,— | |
| PP 01 20 04 | Treoirthionscadal — Inrochtaineacht ionchuimsitheach gréasáin le haghaidh daoine faoi míchumais chognaíocha (ionchuimsitheacht gréasáin: rochtain do chách) | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 562 724,07 | |
| | *Airteagal PP 01 20 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | p.m. | 996 292 | 0,— | 1 313 418,67 | |

**CAIBIDIL PP 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| ***PP 01 21*** | ***2021*** | | | | | | | |
| PP 01 21 01 | Treoirthionscadal — Staidéar féidearthachta ar astaíochtaí truailleán cáithníneach a bhaineann le trácht a laghdú trí bhíthin scagachán deannaigh atmaisféaraigh atá suite ar fheithiclí | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 554 516 | p.m. | 450 000 | 0,— | 0,— | |
| PP 01 21 02 | Treoirthionscadal — Seirbhís tacaíochta le haghaidh tionscadail athchóirithe atá stiúrtha ag saoránaigh | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 880 000 | p.m. | 1 100 000 | 1 990 000,— | 0,— | |
| PP 01 21 03 | Treoirthionscadal — Cur chuige Eorpach i leith na nuálaíochta digití atá fréamhaithe sa chultúr a chur chun cinn ar fud an domhain | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 642 300 | p.m. | 428 200 | 1 070 500,— | 0,— | |
| PP 01 21 04 | Treoirthionscadal — Réitigh uile-Eorpacha le haghaidh úsáid bogearraí foinse shaor in aisce agus oscailte ag seirbhísí poiblí san Aontas | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | 125 000 | 0,— | 104 253,44 | |
| PP 01 21 05 | Treoirthionscadal — Ardán ríomhfhoghlama fiontraíochta Eorpach a chuidíonn le FBManna dul in oiriúint don chomhthéacs reatha | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 391 990 | p.m. | 120 000 | 890 500,— | 0,— | |
| | *Airteagal PP 01 21 — IOMLÁN* | p.m. | 2 468 806 | p.m. | 2 223 200 | 3 951 000,— | 104 253,44 | 4,22 |
| ***PP 01 22*** | ***2022*** | | | | | | | |
| PP 01 22 01 | Treoirthionscadal — Forbairt bunachair sonraí uathoibrithe chun modhanna neamhainmhithe (NAManna) a bhailiú agus a struchtúrú lena n-úsáid sa taighde bithleighis. | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 183 938 | p.m. | 245 250 | 490 500,— | 0,— | |
| PP 01 22 02 | Treoirthionscadal — Modheolaíochtaí comhchoiteanna nua a bhunú, lena n-áirítear meadarachtaí agus staidreamh agus úsáid a bhaint as anailísíocht sonraí, atá níos imleoire chun anailís a dhéanamh ar an mbearna inscne i gcomhfhiontair nuálacha ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa (go háirithe an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach, an Ciste Eorpach Infheistíochta agus an Banc Eorpach Infheistíochta) | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 267 150 | 600 000 | 506 200 | 890 500,— | 0,— | |
| PP 01 22 03 | Treoirthionscadal — Fhaireachlann AE um Sholáthar na Nuálaíochta | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 367 775 | p.m. | 294 300 | 490 500,— | 0,— | |

COIMISIÚN
*TREOIRTHIONSCADAIL*

**CAIBIDIL PP 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **PP 01 22** | *(Ar lean.)* | | | | | | | |
| PP 01 22 04 | Treoirthionscadal — Faireachán a dhéanamh ar Bheartais Eorpacha trí éiceachóras sonraí an Aontais | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 764 200 | p.m. | 800 000 | 1 490 500,— | 0,— | |
| PP 01 22 05 | Treoirthionscadal — Innovation Radar Bridge - Naisc a thógáil agus gníomhaíocht mhéadaithe idir nuálaithe Innovation Radar, infheisteoirí Eorpacha agus lucht ceaptha beartas. | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 490 500 | p.m. | 245 250 | 490 500,— | 0,— | |
| PP 01 22 06 | Treoirthionscadal — Faireachán a dhéanamh ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i réigiúin an Aontais - Na bearnaí sonraí a líonadh | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 371 438 | p.m. | 495 250 | 990 500,— | 20 476,06 | 5,51 |
| | *Airteagal PP 01 22 — IOMLÁN* | p.m. | 2 445 001 | 600 000 | 2 586 250 | 4 843 000,— | 20 476,06 | 0,84 |
| ***PP 01 23*** | ***2023*** | | | | | | | |
| PP 01 23 01 | Treoirthionscadal — Fóram an Aontais Eorpaigh chun Borradh a chur faoi Iompraíocht Éifeachtúil Fuinnimh | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 600 000 | 2 000 000 | 500 000 | | | |
| PP 01 23 02 | Treoirthionscadal — Stór Poiblí an Aontais Eorpaigh d'Fhearann Poiblí agus do shaothair atá ceadúnaithe go hoscailte | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 175 000 | 700 000 | 175 000 | | | |
| PP 01 23 03 | Treoirthionscadal — Ardán Eorpach NFT don earnáil chruthaitheach agus réitigh maoine intleachtúla | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 350 000 | 700 000 | 175 000 | | | |
| PP 01 23 04 | Treoirthionscadal — Sásra maidir le Foláireamh Leanaí/Sábháilte do Leanaí atá ar Iarraidh don Úcráin: Ardán a thacaíonn le comhar trasteorann chun cásanna leanaí ón Úcráin a chuaigh ar iarraidh le linn an chogaidh a chosaint agus a réiteach | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 340 000 | 850 000 | 212 500 | | | |
| PP 01 23 05 | Treoirthionscadal — Oibríochtaí Cuardaigh agus Tarrthála le haghaidh cúrsaí Eitlíochta agus Muirí | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | 990 000 | 1 247 500 | 2 000 000 | 500 000 | | | |

**CAIBIDIL PP 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **PP 01 23** | *(Ar lean.)* | | | | | | | |
| PP 01 23 06 | Treoirthionscadal — Gradam don Fhiontraí Eorpach Óg — Clár Luasúcháin agus Infheistíochta an Aontais Eorpaigh d'Fhiontraithe Óga | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 245 000 | 350 000 | 87 500 | | | |
| | *Airteagal PP 01 23 — IOMLÁN* | 990 000 | 2 957 500 | 6 600 000 | 1 650 000 | | | |
| ***PP 01 24*** | ***2024*** | | | | | | | |
| PP 01 24 01 | Treoirthionscadail – Tionscnamh Tacaíochta um Thaidhleoireacht maidir le Sliseanna | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | 990 000 | 247 500 | | | | | |
| PP 01 24 02 | Treoirthionscadail – Modheolaíocht maidir le lorg comhshaoil a bhaineann go sonrach le hearnáil an spáis a fhorbairt | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | 2 450 000 | 612 500 | | | | | |
| PP 01 24 03 | Treoirthionscadail – Tionscadail Áitiúla agus Réigiúnacha Bauhaus Eorpach Nua a Spreagadh | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | 1 450 000 | 362 500 | | | | | |
| PP 01 24 04 | Treoirthionscadal — Coinneáil Tallainne Taighde a Neartú san Eoraip | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | 500 000 | 125 000 | | | | | |
| | *Airteagal PP 01 24 — IOMLÁN* | 5 390 000 | 1 347 500 | | | | | |
| | CAIBIDIL PP 01 — IOMLÁN | 6 380 000 | 9 218 807 | 7 200 000 | 7 622 658 | 8 794 000,— | 3 545 319,66 | 38,46 |
| | CAIBIDIL PP 02 | | | | | | | |
| ***PP 02 17*** | ***2017*** | | | | | | | |
| PP 02 17 01 | Treoirthionscadal — Feasacht ar roghanna malartacha ar charranna príobháideacha a mhéadú | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | 306 478 | 0,— | 306 478,— | |
| PP 02 17 03 | Treoirthionscadal — Ailtireacht aerspáis maidir le hAerspás Eorpach Aonair (SES) | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| | *Airteagal PP 02 17 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | p.m. | 306 478 | 0,— | 306 478,— | |

COIMISIÚN
*TREOIRTHIONSCADAIL*

**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| ***PP 02 18*** | ***2018*** | | | | | | | |
| PP 02 18 02 | Treoirthionscadal — Feachtas feasachta uile-Eorpach maidir le sábháilteacht ar bhóithre | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 237 620,— | |
| | *Airteagal PP 02 18 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 237 620,— | |
| ***PP 02 19*** | ***2019*** | | | | | | | |
| PP 02 19 02 | Treoirthionscadal — Dícharbónú tionsclaíoch a thabhairt chun cinn trí mheasúnú a dhéanamh ar úsáid fuinneamh in-athnuaite i bpróisis thionsclaíocha | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— | |
| PP 02 19 03 | Treoirthionscadal — Cúnant na Méaraí mar ionstraim chun dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 420 000 | p.m. | 1 134 649 | 0,— | 1 109 649,— | 264,20 |
| PP 02 19 04 | Treoirthionscadal — Comórtas Clársceidealaithe ar fud an Aontais | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 494 718,03 | |
| PP 02 19 05 | Treoirthionscadal — Ardán comhtháite um sheirbhísí digiteacha do shaoránaigh agus gnólachtaí | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 436 777,50 | |
| | *Airteagal PP 02 19 — IOMLÁN* | p.m. | 420 000 | p.m. | 1 134 649 | 0,— | 2 041 144,53 | 485,99 |
| ***PP 02 20*** | ***2020*** | | | | | | | |
| PP 02 20 01 | Treoirthionscadal — Cineálacha cur chuige le samhail de thionchar sóisialta i leith tithíocht shóisialta agus cumhachtú na Romach: tástáil ar úsáid ionstraimí airgeadais nuálacha le haghaidh torthaí sóisialta níos fearr | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | 800 000 | 0,— | 71 083,21 | |
| PP 02 20 02 | Treoirthionscadal — Éicilipéadú le haghaidh eitlíochta / Tionscadal taispeána chun córas 'Lipéad Glas' deonach a thabhairt isteach san eitlíocht | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 96 900,— | |
| PP 02 20 05 | Treoirthionscadal — Inniúlacht chun calafoirt mhara Eorpacha a ghlasú | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | 162 000 | 0,— | 107 924,— | |

**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **PP 02 20** | *(Ar lean.)* | | | | | | | |
| PP 02 20 06 | Treoirthionscadal — Stór pobal fuinnimh – Faireachán agus tacaíocht le haghaidh pobail fuinnimh san Aontas | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 49 153 | p.m. | 483 000 | 0,— | 442 372,50 | 899,99 |
| PP 02 20 07 | Treoirthionscadal — Cuideachtaí a tharraingt isteach san aistriú fuinnimh | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 350 000 | p.m. | 688 000 | 0,— | 344 151,— | 98,33 |
| PP 02 20 08 | Treoirthionscadal — Intleacht shaorga (IS) a fhorbairt chun ailse phéidiatrach a aithint agus cóir leighis a chur uirthi | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 650 126 | p.m. | 895 354 | 0,— | 650 125,50 | 100 |
| PP 02 20 09 | Treoirthionscadal — Soghluaisteacht uirbeach chliste ina bhfuil ról ag feithiclí uathrialaitheacha | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | 3 178 | 0,— | 0,— | |
| PP 02 20 10 | Treoirthionscadal — Clár oibre straitéiseach um thaighde, nuálaíocht agus cur chun feidhme a fhorbairt agus treochlár chun comhionannas teanga digití iomlán a bhaint amach san Eoraip faoi 2030 | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | 500 000 | 0,— | 799 862,94 | |
| PP 02 20 11 | Treoirthionscadal — Tacaíocht le haghaidh comhar méadaithe idir tionscal, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus údaráis na mBallstát maidir le hábhar ar líne a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a bhaint go pras | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 522 144,— | |
| | *Airteagal PP 02 20 — IOMLÁN* | p.m. | 1 049 279 | p.m. | 3 531 532 | 0,— | 3 034 563,15 | 289,20 |
| ***PP 02 21*** | ***2021*** | | | | | | | |
| PP 02 21 01 | Treoirthionscadal — Na haistrithe glasa agus digiteacha a chur i gcrích: Comhghuaillíocht Ghlas Dhigiteach Eorpach | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 419 300 | p.m. | 450 000 | 0,— | 179 700,— | 42,86 |
| PP 02 21 02 | Treoirthionscadal — Bainistíocht agus forbairt inbhuanaithe na gcalafort in imchuach na Réine-Main- na Danóibe a chumasú | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 920 000 | p.m. | 364 000 | 0,— | 0,— | |
| PP 02 21 03 | Treoirthionscadal — Digitiú na hearnála poiblí agus an t-aistriú glas san Eoraip a chothú trí ardán nuálach Eorpach GovTech (Teicneolaíocht an Rialtais) a úsáid | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 539 980 | p.m. | 450 000 | 0,— | 0,— | |

COIMISIÚN
*TREOIRTHIONSCADAIL*

**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| **PP 02 21** | *(Ar lean.)* | | | | | | | |
| PP 02 21 04 | Treoirthionscadal — RESTwithEU | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 353 646 | p.m. | 500 000 | 0,— | 0,— | |
| PP 02 21 05 | Treoirthionscadal — Soghluaisteacht tuaithe inbhuanaithe le haghaidh athléimneacht in aghaidh COVID-19 agus chun tacú le héiceathurasóireacht | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 640 006 | p.m. | 453 000 | 799 968,— | 0,— | |
| PP 02 21 06 | Treoirthionscadal — Cianobair Thionsclaíoch Chliste: an chianobair i dtionscail nach bhfuil digitithe | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | 275 000 | 0,— | 158 100,— | |
| PP 02 21 07 | Treoirthionscadal — Conarthaí Cliste — Caighdeáin Eorpacha le haghaidh prótacail idirbhirt uathoibríocha lena gcuirtear conarthaí i gcrích | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | p.m. | p.m. | 262 500 | 0,— | 0,— | |
| PP 02 21 08 | Treoirthionscadal — Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid — Pasáiste Fréamhshamhla idir München agus Verona | | | | | | | |
| | Leithreasuithe dhifreáilte | p.m. | 350 000 | p.m. | 316 000 | 790 500,— | 0,— | |
Is é is cuspóir don treoirthionscadal modheolaíocht a bhaineann go sonrach le hearnáil an spáis a chruthú le haghaidh LCA ar ghníomhaíochtaí spáis lena n-áirítear sainiúlachtaí an tionchair ar thimpeallachtaí an Domhain agus an tionchar ar thimpeallacht an spáis:

Is iad seo a leanas na trí phríomhthairbhe a bhaineann leis na modheolaíochtaí sin a bhaineann go sonrach le hearnáil an spáis:

— d’fhágfadh sé go bhféadfaí feidhmíocht chomhshaoil táirge a chur i gcomparáid le feidhmíocht chomhshaoil táirgí comhchosúla sa mhargadh Eorpach;

— d’áiritheofaí leis iomaíocht chóir i measc monaróirí agus chuirfí feabhas leis ar chumarsáid trí chur chuige caighdeánaithe maidir le feidhmíocht chomhshaoil táirgí;

— Cabhraíonn modheolaíocht Lorg Comhshaoil Táirgí (PEF) le slabhra soláthair agus úsáid acmhainní a thuiscint, a chur in ord tosaíochta agus a fheabhsú trí chur chuige saolré. D’fhéadfadh sí cabhrú le bearta a chur i bhfeidhm chun acmhainní a shábháil agus chun díriú ar na réimsí is mó tionchar ar fheidhmíocht chomhshaoil fhoriomlán na dtáirgí.

Is féidir an slabhra soláthair spáis a roinnt ina dhá réimse: idirdhealú a dhéanamh idir tionchair ar thimpeallachtaí an Domhain agus an tionchar ar an timpeallacht spáis.

Baineann tionchar na ngníomhaíochtaí spáis ar thimpeallacht an Domhain go príomha le táirgeadh agus oibríochtaí córas agus lainseálaithe spáis, le gníomhaíochtaí lainseála chun na córais a chur i bhfithis, le comhpháirteanna an chórais spáis a thagann slán as an athiontráil san atmaisféar ina n-iompraítear breosla agus/nó ábhar radaighníomhach agus leis an nguais bhitheolaíoch a bhíonn ann mar gheall ar fhilleadh samplach ó mhisin taiscéalaíochta eile go reanna neimhe.

Eascraíonn an tionchar ar an timpeallacht spáis a bhíonn ag gníomhaíochtaí spáis as smionagar spáis a chruthaítear mar gheall ar chórais spáis a chur i bhfithis (e.g. lainseálacha céimeanna uachtaracha, braic scaoilte satailítí, tiomántáin agus astaíochtaí gáis sa spás) agus/nó mar gheall ar dhiúscairt neamhleor réad spáis ag deireadh a saolré oibríochtúla (e.g. páirceáil fithiseach reilige, éighníomhú réad spáis, athiontráil rialaithe), ilroinnt agus iomadú smionagar spáis de bharr imbhuailtí infhithise idir satailítí gníomhacha agus réada smionagar spáis (lena n-áirítear satailítí neamhghníomhacha nó comhpháirteanna díobh) agus i measc réada smionagar spáis, a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le himoibriú slabhrach agus le héilliú reanna neimhe mar gheall ar ghníomhaíochtaí taiscéalaíocha daoine. Cé nach rud nua é LCA comhshaoil in earnáil an spáis, níl ach fíorbheagán tacar sonraí fardail atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de agus idir-oibrithe ar fáil faoi láthair. Sa lá atá inniu ann, is ann do roinnt gnéithe comhshaoil a d’fhéadfadh a bheith tábhachtach nach gcumhdaítear faoi na samhlacha measúnaithe tionchair nó a dtugtar neamhaird orthu mar gheall ar easpa faisnéise nó easpa chainníochtú na n-astaíochtaí. Ina theannta sin, níl comhaontú comhchoiteann ann maidir le rialacha earnáilsonracha a bhaineann le measúnuithe saolré-bhunaithe a roinntear feadh an tslabhra luacha ná córais tagartha le haghaidh córais, tionscadail nó cláir spáis.

**CAIBIDIL PP 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** *(Ar lean.)*

PP 01 24 *(Ar lean.)*

PP 01 24 03 Treoirthionscadal – Tionscadail Áitiúla agus Réigiúnacha Bauhaus Eorpach Nua a Spreagadh

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 1 450 000 | 362 500 | | |

*Barúlacha*

Is tionscnamh cruthaitheach idirdhisciplíneach é Bauhaus Eorpach Nua (NEB) lena nasctar an Comhaontú Glas don Eoraip le spásanna agus eispéiris mhaireachtála. Leis an tionscnamh, iarrtar orainn go léir todhchaí inbhuanaithe chuimsitheach a shamhlú agus a thógáil le chéile, ar todhchaí álainn í dár súile, dár n-aigne agus dár n-anam.

Príomhghné amháin a bhaineann leis an gcur chuige sin a nascadh le críocha agus comhpháirtithe áitiúla is ea eagrú Shaotharlann NEB. Is spás comhchruthaithe í Saotharlann NEB atá ag freastal ar phobal NEB, chun tionscadail áille, inbhuanaithe agus chuimsitheacha a chur ar fáil ar mhaithe lenár saol laethúil a fheabhsú. Díríonn sí ar dhaoine a nascadh, agus iad ag foghlaim óna chéile agus ag baint leas as eispéireas gach duine.

Gné thábhachtach eile is ea ‘Compás NEB’, uirlis a chuidíonn le tionscnóirí tuiscint a fháil ar a mhéid atá chur chuige NEB á léiriú le tionscadal ar leith. Míníonn an uirlis cad is brí le 3 chroíluach NEB — an inbhuanaitheacht, an cuimsiú agus an áilleacht — i gcomhthéacsanna sonracha; agus conas is féidir iad a chomhtháthú agus a chomhcheangal le prionsabail oibre na rannpháirtíochta agus na trasdisciplíneachta.

A bhuí le cistiú ó chláir éagsúla de chuid an Aontais, tá tús curtha ag NEB le hathrú a chur chun feidhme ar an láthair, ach is féidir tuilleadh a dhéanamh. Leag Parlaimint na hEorpa béim roinnt uaireanta, agus go háirithe ina tuarascáil ar NEB, ar an ngá atá le cistiú tiomnaithe NEB. Is cosúil go bhfuil bearna ann maidir le tacaíocht airgeadais a sholáthar do thairbhithe beaga áitiúla agus réigiúnacha san Eoraip a bhíonn ag streachailt le rochtain a fháil ar bhealaí caighdeánacha chistiú an Aontais.

Dá bhrí sin, tá sé d’aidhm ag an treoirthionscadal seo tionscadail áitiúla agus réigiúnacha ar leibhéal an phobail NEB a spreagadh agus tacú leo trí chuidiú le tacaíocht airgeadais a chur ar fáil, go háirithe do thionscnóirí tionscadail bheaga. D’fhéadfadh torthaí agus foghlaim an treoirthionscadail sin cur leis an obair ar mhaoiniú fadtéarmach NEB.

Moltar sa Treoirthionscadal seo cur chuige cuimsitheach ina mbeadh dhá ghníomhaíocht chomhlántacha lena gcuirfí croíluachanna agus prionsabail NEB chun cinn agus lena gcuirfí borradh faoi thionscadail a fhreastalaíonn ar an aistriú glas agus digiteach: Mol Comhairleach um Cistiú NEB a chruthú agus Scéim Dearbhán Saotharlainne NEB a fhorbairt.

(a) Gníomhaíocht A — Mol Comhairleach um Cistiú NEB

Dhéanfadh Mol Comhairleach um Cistiú Nuálach NEB deiseanna cistiúcháin a lorg agus a mhapáil le haghaidh tionscadail áitiúla atá ailínithe le NEB, ionas gur féidir leo an maoiniú tosaigh a fháil. Bheadh sé d’aidhm ag an Mol cur leis am luas agus an éifeachtúlacht lenar féidir tionscadail a mheaitseáil le cistiú, go háirithe ó dhaonchairdeas agus ó shluachistiú, ach foinsí poiblí agus príobháideacha eile á n-áireamh freisin. D’fhéadfadh sraith gníomhaíochtaí a bheith i gceist leis an gcéad chéim de chur chun feidhme an treoirthionscadail seo, mar shampla:

PP 01 24 *(Ar lean.)*

PP 01 24 03 *(Ar lean.)*

— ardán idirghníomhach TF a chruthú ar a gcruthódh infheisteoirí sa gheilleagar sóisialta, eagraíochtaí daonchairdis, agus infheisteoirí eile, bíodh siad poiblí nó príobháideach, a bpróifílí ar bhealach aonfhoirmeach chun a chur in iúl go bhfuil siad toilteanach tacú leis an Mol. D'fhéadfadh ardán sluachistiúcháin a bheith mar chuid den ardán TF freisin, a bhfeidhmeodh chun críocha an Mhoil;

— bailiú agus scagadh na bhfeidhmchlár tionscadail atá ailínithe le NEB. Dhéanfaí na feidhmchláir tionscadail a scagadh de réir sraith critéar oibiachtúil chun ailíniú le luachanna agus cuspóirí NEB a áirithiú. D'fhéadfadh an Mol comhairle agus fios gnó a sholáthar do thionscnóirí tionscadal chun an seans a uasmhéasdú go meallfaí cistiú príobháideach.

Maidir le tréimhse mheántéarmach go fhadtéarmach, d'fhéadfaí an Mol a fhorbairt chun an méid seo a leanas a chur ar fáil:

— deasc custaiméirí le haghaidh tionscadal agus tionscnóirí — 'ionad ilfhreastail';

— feidhm chuardaigh chuimsitheach oibiachtúil do na hinfheisteoirí chun teagmháil a dhéanamh leis na tionscadail is oiriúnaí óna bpeirspictíocht féin agus ina n-earnáil shonrach féin.

(b) Gníomhaíocht B — Scéim Dearbhán Saotharlainne NEB

Is éard a bheadh i Scéim Dearbhán Saotharlainne NEB cnapshuimeanna i bhfoirm dearbhán arna soláthar ar bhonn leithdháilte iomaíoch agus trédhearcach do thionscadail bheaga pobail arna moladh ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha araon agus ag eagraíochtaí san earnáil phríobháideach (go háirithe FBManna agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha).

Tá sé mar aidhm leis an ngníomhaíocht seo tacú le:

— cur in úsáid agus cur chun feidhme luachanna agus phríomhphrionsabail NEB (próisis thrasdisciplíneacha, rannpháirtíocht. il-leibhéil agus próisis rannpháirtíochta); agus

— tionscadail a bhfuil tiomantas cruthaithe soiléir acu do luachanna NEB, a spreagann pobal NEB agus a thacaíonn leis.

Leis an Scéim Dearbhán Saotharlainne NEB, féachfar le luach saothair a thabhairt do na gníomhaithe agus do na tionscadail sin a chruthaigh a dtiomantas do NEB, a d'oibreodh ar bhealach cuimsitheach lena mbainfeadh rialachais il-leibhéil cuimsitheach, agus béim á leagan ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha, de réir luachanna NEB.

Beidh bacainní iontrála ísle ag baint leis an Scéim Dearbhán Saotharlainne NEB chun údaráis agus áiteanna áitiúla agus réigiúnacha a shroicheadh nach mbeadh rannpháirteach de ghnáth i dtionscadail NEB den sórt sin agus chun tionscadail NEB (e.g. EUR 30 000-50 000 in aghaidh an dearbháin) a chistiú, agus í ag obair i dtreo athghiniúint eacnamaíoch, inbhuanaitheacht agus comhtháthú sochaíoch, agus athruithe tionsclaíocha agus sóisialta á n-éascú léi, lena n-áirítear oiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide.

D'fhéadfadh seachadadh Scéim Dearbhán Saotharlainne NEB a nascadh freisin leis an obair atá á déanamh cheana ag Comhphobal EIT Bauhaus Eorpach Nua agus cur leis an obair sin.

Is é Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) a chuirfeadh na gníomhaíochtaí oibríochtúla faoin treoirthionscadal seo chun feidhme, i gcomhpháirtíocht le Coiste na Réigiún.

Chomhoibreodh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde le comhpháirtithe Chomhphobal NEB, le Comhphobal EIT NEB, agus d'oibreodh sé i ndlúthchomhar le seirbhísí eile de chuid an Choimisiúin, amhail AS REGIO, AS BUDG agus AS ECFIN.

COIMISIÚN
*TREOIRTHIONSCADAIL*

**CAIBIDIL PP 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** *(Ar lean.)*

PP 01 24 *(Ar lean.)*

PP 01 24 04 Treoirthionscadal — Coinneáil Tallainne Taighde a Neartú san Eoraip

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 500 000 | 125 000 | | |

*Barúlacha*

Is céim ríthábhachtach é feabhas a chur ar chobhsaíocht sásraí cistiúcháin agus laghdú a dhéanamh ar leitheadúlacht conarthaí ar théarma seasta le haghaidh eagraíochtaí taighde chun gairmeacha taighde a dhéanamh níos tarraingtí. An 13 Iúil 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le creat Eorpach chun tallanna taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip (COM(2023)0436). Leis an togra seo, tugtar isteach teorainn aon trian de chonarthaí ar théarma seasta in acmhainní daonna taighde iomlána de chuid fostóra ar leith agus spreagtar fostóirí atá ag feidhmiú faoin tairseach sin cheana féin féachaint le rátaí níos ísle fós a bhaint amach. Faoi láthair, tá thart ar dhá thrian d'fhoireann eolaíochta na n-ollscoileanna agus beagnach gach iarrthóir PhD ar chonarthaí sealadacha, rud a fhágann gur sprioc an-uaillmhianach é sin. Fiú tar éis an sprioc sin a bhaint amach, beidh líon suntasach ball foirne fós ar chonarthaí sealadacha.

De bhreis ar an Moladh ón gComhairle atá beartaithe, is fiú machnamh a dhéanamh ar ról an chláir Fís Eorpach maidir le dul i ngleic leis an dúshlán sin don Limistéar Eorpach Taighde. Is é Fís Eorpach an clár taighde is mó ar domhan agus, dá bhrí sin, tá an tionchar aige chun an bealach a stiúradh i dtreo an ERA atá uainn.

Dá bhrí sin, tá sé mar chuspóir ag an treoirthionscadal seo:

(1) eagraíochtaí a fhostaíonn tallann taighde le maoiniú tionscadalbhunaithe a spreagadh lena gcaipiteal daonna a bhainistiú ar bhealach níos fearr trí aistriú ó fhostú agus ó choinneáil tionscadalbhunaithe go poist thaighde fhadtéarmacha inbhuanaithe, agus trí na scileanna agus an t-eolas atá riachtanach a chur ar fáil dá mbaill foirne shealadacha le haghaidh tionscadail amach anseo nó le haghaidh dul chun cinn a dhéanamh ina ngairmeacha laistigh den eagraíocht chéanna;

(2) tacú le heagraíochtaí agus iad a spreagadh chun ullmhú agus cúnamh réamhghníomhach a thabhairt dá bhfoireann shealadach chun deiseanna oiriúnacha a aimsiú nuair nach mbíonn tuilleadh fostaíochta ar fáil san eagraíocht chéanna.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart an méid seo a leanas a dhéanamh leis an treoirthionscadal seo:

(1) tuiscint chuimsitheach a fháil ar straitéisí fostóirí le haghaidh díbhordáil fostaithe agus ar na cleachtais náisiúnta chun straitéisí rathúla a shainaithint arb amhlaidh a dhéanann siad dífhostaíocht taighdeoirí a dhíspreagadh, go háirithe iad siúd atá ag brath ar mhaoiniú tionscadail;

(2) dea-chleachtais agus uirlisí a fhorbairt agus a chur ar fáil a thacaíonn le heagraíochtaí na scileanna agus an t-eolas is gá a thabhairt dá bhfostaithe, agus an tionchar diúltach a bhíonn ag aistrithe poist a íoslaghdú;

**CAIBIDIL PP 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** *(Ar lean.)*

PP 01 24 *(Ar lean.)*

PP 01 24 04 *(Ar lean.)*

(3) úsáid na ndea-chleachtas agus na n-uirlisí a thacaíonn le heagraíochtaí na scileanna agus an t-eolas is gá a thabhairt dá bhfostaithe a spreagadh agus a chur chun cinn, agus an tionchar diúltach a bhíonn ag aistrithe poist á íoslaghdú, mar straitéis idirghabhála nuair nach féidir conarthaí buana a thairiscint;

(4) cásanna a fhorbairt agus measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá siad i bhfianaise maoiniú agus módúlachtaí conarthacha nua do thionscadail Fís Eorpach chun an t-athrú inmhianaithe a chothú i gcleachtais earcaíochta agus choinneála thairbhithe Fís Eorpach. D'fhéadfaí measúnú a dhéanamh sna cásanna sin freisin ar a indéanta atá sé ráthaíocht Eorpach a thairiscint d'eagraíochtaí taighde poiblí a fhostaíonn foireann taighde chun an tionscadal Fís Eorpach a chur chun feidhme ar chonradh atá roinnt mhaith níos faide ná fad reatha an tionscadail.

Ar deireadh, i bhfianaise leas gach Ballstáit maidir le dífhostaíocht i measc taighdeoirí a chosc, tá cleachtais náisiúnta i bhfeidhm cheana féin. Dá bhrí ain, is cúram ríthábhachtach eile é na cleachtais náisiúnta sin a mhapáil agus a chur i gcomparáid le chéile chun straitéisí rathúla a shainaithint lena ndéantar dífhostaíocht taighdeoirí a dhíspreagadh go héifeachtach, go háirithe iad siúd atá ag brath ar mhaoiniú tionscadail.

**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA**

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go maoineofar cur chun feidhme treoirthionscadal, ar treoirthionscadail de chineál turgnamhach iad, arna gceapadh chun tástáil a dhéanamh ar a indéanta agus ar a úsáidí atá gníomhaíochtaí. Comhfhreagraíonn a n-iomlán leis an leibhéal leithreasuithe a léirítear faoi Airteagal 02 20 01.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***PP 02 17*** ***2017***

PP 02 17 01 Treoirthionscadal — Feasacht ar roghanna malartacha ar charranna príobháideacha a mhéadú

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 306 478 | 0,— | 306 478,— |

COIMISIÚN
*TREOIRTHIONSCADAIL*

**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PP 02 17 *(Ar lean.)*

PP 02 17 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 02 17 03 Treoirthionscadal — Ailtireacht aerspáis maidir le hAerspás Eorpach Aonair (SES)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

***PP 02 18*** ***2018***

PP 02 18 02 Treoirthionscadal — Feachtas feasachta uile-Eorpach maidir le sábháilteacht ar bhóithre

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 237 620,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

***PP 02 19 2019***

PP 02 19 02 Treoirthionscadal — Dícharbónú tionsclaíoch a thabhairt chun cinn trí mheasúnú a dhéanamh ar úsáid fuinneamh in-athnuaite i bpróisis thionsclaíocha

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 02 19 03 Treoirthionscadal — Cúnant na Méaraí mar ionstraim chun dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 420 000 | p.m. | 1 134 649 | 0,— | 1 109 649,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 02 19 04 Treoirthionscadal — Comórtas Clársceidealaithe ar fud an Aontais

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 494 718,03 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PP 02 19 *(Ar lean.)*

PP 02 19 05 Treoirthionscadal — Ardán comhtháite um sheirbhísí digiteacha do shaoránaigh agus gnólachtaí

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 436 777,50 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

***PP 02 20*** ***2020***

PP 02 20 01 Treoirthionscadal — Cineálacha cur chuige le samhail de thionchar sóisialta i leith tithíocht shóisialta agus cumhachtú na Romach: tástáil ar úsáid ionstraimí airgeadais nuálacha le haghaidh torthaí sóisialta níos fearr

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 800 000 | 0,— | 71 083,21 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 02 20 02 Treoirthionscadal — Éicilipéadú le haghaidh eitlíochta / Tionscadal taispeána chun córas ‘Lipéad Glas’ deonach a thabhairt isteach san eitlíocht

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 96 900,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PP 02 20 *(Ar lean.)*

PP 02 20 05 Treoirthionscadal — Inniúlacht chun calafoirt mhara Eorpacha a ghlasú

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 162 000 | 0,— | 107 924,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 02 20 06 Treoirthionscadal — Stór pobal fuinnimh – Faireachán agus tacaíocht le haghaidh pobail fuinnimh san Aontas

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 49 153 | p.m. | 483 000 | 0,— | 442 372,50 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 02 20 07 Treoirthionscadal — Cuideachtaí a tharraingt isteach san aistriú fuinnimh

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 350 000 | p.m. | 688 000 | 0,— | 344 151,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PP 02 20 *(Ar lean.)*

PP 02 20 08 Treoirthionscadal — Intleacht shaorga (IS) a fhorbairt chun ailse phéidiatrach a aithint agus cóir leighis a chur uirthi

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 650 126 | p.m. | 895 354 | 0,— | 650 125,50 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 02 20 09 Treoirthionscadal — Soghluaisteacht uirbeach chliste ina bhfuil ról ag feithiclí uathrialaitheacha

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 3 178 | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 02 20 10 Treoirthionscadal — Clár oibre straitéiseach um thaighde, nuálaíocht agus cur chun feidhme a fhorbairt agus treochlár chun comhionannas teanga digití iomlán a bhaint amach san Eoraip faoi 2030

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 500 000 | 0,— | 799 862,94 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PP 02 20 *(Ar lean.)*

PP 02 20 11 Treoirthionscadal — Tacaíocht le haghaidh comhar méadaithe idir tionscal, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus údaráis na mBallstát maidir le hábhar ar líne a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a bhaint go pras

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 522 144,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

***PP 02 21 2021***

PP 02 21 01 Treoirthionscadal — Na haistrithe glasa agus digiteacha a chur i gcrích: Comhghuaillíocht Ghlas Dhigiteach Eorpach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 419 300 | p.m. | 450 000 | 0,— | 179 700,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 02 21 02 Treoirthionscadal — Bainistíocht agus forbairt inbhuanaithe na gcalafort in imchuach na Réine-Main- na Danóibe a chumasú

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 920 000 | p.m. | 364 000 | 0,— | 0,— |

**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PP 02 21 *(Ar lean.)*

PP 02 21 02 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 02 21 03 Treoirthionscadal — Digitiú na hearnála poiblí agus an t-aistriú glas san Eoraip a chothú trí ardán nuálach Eorpach GovTech (Teicneolaíocht an Rialtais) a úsáid

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 539 980 | p.m. | 450 000 | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 02 21 04 Treoirthionscadal — RESTwithEU

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 353 646 | p.m. | 500 000 | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 02 21 05 Treoirthionscadal — Soghluaisteacht tuaithe inbhuanaithe le haghaidh athléimneacht in aghaidh COVID-19 agus chun tacú le héiceathurasóireacht

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 640 006 | p.m. | 453 000 | 799 968,— | 0,— |

**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PP 02 21 *(Ar lean.)*

PP 02 21 05 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 02 21 06 Treoirthionscadal — Cianobair Thionsclaíoch Chliste: an chianobair i dtionscail nach bhfuil digitithe

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 275 000 | 0,— | 158 100,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 02 21 07 Treoirthionscadal — Conarthaí Cliste — Caighdeáin Eorpacha le haghaidh prótacail idirbhirt uathoibríocha lena gcuirtear conarthaí i gcrích

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 262 500 | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 02 21 08 Treoirthionscadal — Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid — Pasáiste Fréamhshamhla idir München agus Verona

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 350 000 | p.m. | 316 000 | 790 500,— | 0,— |

PP 02 21 *(Ar lean.)*

PP 02 21 08 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 02 21 09 Treoirthionscadal — Tionscadal Cathracha Cliste IRS: coincheap nua maidir le stáisiún iarnróid le haghaidh cathracha cliste glasa atá ionchuimsitheach go sóisialta

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 159 000 | 0,— | 350 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 02 21 10 Treoirthionscadal — An tionchar atá ag feithiclí fuinneamhéifeachtúla agus ag feithiclí a ghineann grianchumhacht ar acmhainneacht na greille agus ar an mbonneagar luchtaithe

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 668 844 | p.m. | 796 000 | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

***PP 02 22 2022***

PP 02 22 01 Treoirthionscadal – Cineálacha nua conraithe sa gheilleagar digiteach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 295 250 | p.m. | 147 625 | 590 500,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 02 22 02 Treoirthionscadal — Lámhleabhar cuimsitheach maidir le héiceachórais um Shoghluaisteacht Aeir Uirbeach (UAM) san Eoraip

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 362 000 | 1 590 500,— | 1 590 500,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

***PP 02 23 2023***

PP 02 23 01 Treoirthionscadal — Spás don Mheiteachruinne

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| p.m. | 400 000 | 800 000 | 200 000 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PP 02 23 *(Ar lean.)*

PP 02 23 01 *(Ar lean.)*

Is é an mheiteachruinne cóineasú na smaointe a bhí thart le cúpla bliain anois: réaltacht fhíorúil (VR), réaltacht bhreisithe (AR), agus teicneolaíocht bhlocshlabhra. Ciallaíonn an mheiteachruinne líonra timpeallachtaí fíorúla a rochtain trí ghléasanna éagsúla inar féidir le húsáideoirí idirghníomhú, sóisialú, oibriú, a bheith ag súgradh agus ag tomhailt i suíomh digiteach tumthach a léiríonn go leor dár bhfíornósanna.

Cé go bhfuil aird á tabhairt ag an gCoimisiún ar rialáil na meiteachruinne, tá an t-eolas ginearálta ar a bhfuil i gceist leis an teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn fós an-teoranta nó thar an meántuiscint don tsochaí ina hiomláine, agus do lucht déanta beartas agus státseirbhísigh an Aontais go háirithe. Mar sin féin, ní mór dóibh reachtaíocht a rith maidir leis an saol digiteach seo atá ag athrú, i measc réimsí eile, maidir le hurraim do chearta bunúsacha, cosaint sonraí, príobháideachas, chomh maith le leibhéal freagrachta na ndaoine aonair agus iad ag gníomhú sa réimse fíorúil. Is é atá i gceist leis an meiteachruinne, an chaoi a n-oibríonn sé, an taithí VR a mbainfeadh leis, na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir lena húsáid agus na gníomhaíochtaí a reáchtáiltear sa timpeallacht sin, etc., ceisteanna a bhfuil na freagraí fós doiléir, ar a laghad, don chuid is mó.

Leis an treoirthionscadal seo, cumasófar nó cruthófar spás na meiteachruinne laistigh de chomhlacht de chuid institiúidí an Aontais a mbeidh rannpháirtíocht reachtach chinntitheach aige chun an feiniméan a thabhairt níos gaire d'institiúidí an Aontais, chun é a dhéanamh níos inrochtana chun tuiscint níos fearr a fháil ar iarmhairtí an tsaoil dhigitigh todhchaígh seo, agus chun a chuid eolais a ardú le haghaidh reachtaíocht níos fearr ina leith, nuair a thiocfaidh an t-am.

Beidh spás don mheiteachruinne sna hinstitiúidí an Aontais oscailte d'idirghníomhaíochtaí do ghrúpaí oibre, do ghairmithe, do mheithleacha machnaimh, do shaineolaithe teicneolaíochta, d'eolaithe, do scoláirí dlí, do shíceolaithe sóisialta, do rialtóirí stáit, agus d'oifigigh thofa — agus cuideoidh a gcuid machnaimh le creat rialála a fhorbairt ar deireadh maidir le feiniméan na meiteachruinne.

PP 02 23 02 Treoirthionscadal — Rochtain dhímhonaplaithe ar fheidhmchláir an Aontais

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| p.m. | 250 000 | 500 000 | 125 000 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 02 23 *(Ar lean.)*

PP 02 23 02 *(Ar lean.)*

Tá margaí bunaithe ag timpeallachtaí nua-aimseartha fóin chliste, táibléid agus (ag méadú) deisce, mar shampla *Google Play Store* nó *Apple App Store*, chun aipeanna a shuiteáil agus a chothabháil. Cuireann na margaí sin aipeanna áisiúla agus coimeádta ar fáil ar chostas mórbhacainne ar theacht isteach ar an margadh do sholáthraithe níos lú agus níos lú rogha do thomhaltóirí. Tá cásanna in aghaidh trustaí (AT.40437 Apple — App Store Practices (sruthú ceoil)) tar éis aird a tharraingt ar an bhfadhb a bhaineann le siopaí aipeanna, agus mhol an Coimisiún an Rialachán maidir leis an nGníomh um Margaí Digiteacha chun níos mó iomaíochta a chruthú ar an margadh. In ainneoin na reachtaíochta agus na gcásanna in aghaidh trustaí, ní thugann institiúidí an Aontais iad féin saor-rogha do thomhaltóirí margaí ceannasacha a úsáid nó imeacht uathu. Mar shampla, níl gach aip android a eisíonn an Coimisiún, amhail *Events@EU, Eurostat agus myregion*, ar fáil ach amháin sa *Google Play store* .

Is é is aidhm don treoirthionscadal bonneagar teicniúil an Aontais a leathnú chun feidhmchláir an Aontais a scaoileadh, a chothabháil agus a chur chun cinn gan suíomh margaidh na n-aipeanna geatóra a neartú tuilleadh. Le fócas an treoirthionscadail, áirítear institiúidí an Aontais ag scaoileadh a n-aipeanna ar na siopaí aipeanna malartacha atá ann cheana féin, f-droid san áireamh, a bhfuil sé d’aidhm aige aipeanna a scaoileadh faoi cheadúnais foinse oscailte a chur chun cinn. Chuimseofaí leis freisin scaoileadh cód foinse na n-aipeanna lenar féidir le daoine aipeanna dá gcuid féin a thógáil agus na comhaid apk a scaoileadh le haghaidh neaslódáil gan úsáid a bhaint as siopa aipeanna. Tá an obair sin comhsheasmhach le cinneadh C(2021)8759 ón gCoimisiún maidir le ceadúnú foinse oscailte agus athúsáid bhogearraí an Choimisiúin agus le spriocanna beartais uileghabhálacha eile an Choimisiúin agus Parlaimint na hEorpa.

PP 02 23 03 Treoirthionscadal — Staidéar a fhorbairt chun borradh a chur faoin intleacht shaorga atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de san Aontas — Intleacht Shaorga Ghlas

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| p.m. | 212 500 | 425 000 | 106 250 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

Sa Pháipéar Bán maidir leis an Intleacht Shaorga (IS) a d’fhoilsigh an Coimisiún Eorpach i mí Feabhra 2020, luaitear an inbhuanaitheacht chomhshaoil go sainráite mar dhúshlán don tréimhse díreach roimh an Eoraip. Is é is aidhm don staidéar seo straitéis intleachta saorga na hEorpa agus a gníomhaíochtaí a ailíniú leis an gComhaontú Glas don Eoraip, chun go mbeidh an tAontas ar cheann de na réigiúin is mó atá ar thús cadhnaíochta agus dea-chleachtais á nglacadh maidir le samhlacha inbhuanaithe intleachta saorga a fhorbairt.

COIMISIÚN
*TREOIRTHIONSCADAIL*

**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PP 02 23 *(Ar lean.)*

PP 02 23 03 *(Ar lean.)*

Tá acmhainneacht láidir ag an intleacht shaorga tionchar a imirt ar an gcomhshaol. Ar an taobh dearfach, d'fhéadfadh IS agus teicneolaíochtaí anailísíochta sonraí dlús a chur leis an anailís ar líon mór sonraí, rud a chumasaíonn tuiscint níos fearr ar dhúshláin chomhshaoil agus a sholáthraíonn réitigh orthu. Cuirfidh sé sin sásraí ar fáil chun feabhas a chur ar phleanáil comhshaoil, ar chinnteoireacht agus ar fhaireachán a dhéanamh ar bhagairtí comhshaoil. Go sonrach, d'fhéadfadh IS cabhrú chun tomhaltas fuinnimh agus acmhainní a laghdú, dícharbónú a chur chun cinn agus borradh a chur faoin ngeilleagar ciorclach. Gné shuimiúil eile is ea an intleacht shaorga a úsáid chun anailís a dhéanamh ar thorthaí turgnamh eolaíoch roimhe seo agus chun go mbeidh rath níos fearr ar thurgnaimh amach anseo.

Ar an taobh diúltach, tá roinnt bagairtí comhshaoil ag baint leis an intleacht shaorga freisin. Is ionann úsáid réitigh TFC agus 5-9 % den tomhaltas leictreachais ar fud an domhain, agus d'fhéadfadh sé a bheith chomh hard le 20 % faoi 2030, de réir na tuarascála ó Pharlaimint na hEorpa dar teideal 'The role of Artificial Intelligence in the European Green Deal' [Ról na hIntleachta Saorga sa Chomhaontú Glas don Eoraip]. Go hiarbhír, b'ionann sin agus idir 1 100 agus 1 300 milliún tonna (Mt) CO2 in 2020. Ina theannta sin, léirigh an staidéar 'Eitic le haghaidh glacadh inbhuanaithe IS lena nasctar IS agus ESG' go raibh na hastaíochtaí carbóin chun oiliúint a chur ar mhúnla próiseála teanga nádúrtha comhionann le 125 eitilt turais fillte idir Nua-Eabhrac agus Béising. Agus tagairt shonrach á déanamh d'úsáid na hintleachta saorga, déantar idirdhealú idir intleacht shaorga dhearg, nó IS dianfhuinnimh, agus IS glas, a dheartar de réir paraiméadair éifeachtúlachta fuinnimh, i roinnt airteagail eolaíochta maidir lena tionchar ar an gcomhshaol. Mar léiriú air sin, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil na hacmhainní ríomhaireachta a theastaíonn chun oiliúint a chur ar shamhlacha intleachta saorga ag méadú faoi dhó gach 3-4 mí ó 2012 i leith, de réir mar a lorgaítear samhlacha níos cruinne. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na fachtóirí a spreagann an méadú sin ar thomhaltas i dtrí phointe: an costas a bhaineann le samhail intleachta saorga a reáchtáil ina haonar, méid an tacair sonraí oiliúna agus líon na dturgnamh hipearparaiméadair a rinneadh.

I réimse fócais 2021 den Phlean Comhordaithe maidir le hathbhreithniú ar an Intleacht Shaorga dar teideal 'An intleacht shaorga a chur i bhfeidhm don aeráid agus don chomhshaol', áirítear gníomhaíochtaí lena ndírítear ar IS níos glaise a chur chun cinn. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin tacú le taighde maidir le tomhaltas fuinnimh IS a laghdú tríd an gclár Fís Eorpach; agus próiseálaithe ísealchumhachta a fhorbairt le haghaidh feidhmchláir intleachta saorga tríd an gclár Fís Eorpach agus tríd an gComhpháirtíocht Eorpach institiúidithe maidir le hEochairtheicneolaíochtaí Digiteacha. Mar sin féin, ní dhíríonn an Plean Comhordaithe ar fhorbróirí a dhreasú chun IS glas a úsáid.

Sa chomhthéacs sin, tá sé d'aidhm ag an treoirthionscadal seo staidéar a dhéanamh chun gnéithe a shainiú chun forbróirí IS a dhreasú chun athrú ó IS dian ar fhuinneamh i dtreo IS atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (IS glas), agus nósanna imeachta le haghaidh éifeachtúlacht níos fearr a chur chun cinn agus lorg carbóin córais intleachta saorga a léiriú, lena n-áirítear iniúchadh a dhéanamh ar 'mharcáil éifeachtúlachta fuinnimh agus déine carbóin' agus 'lipéad IS glas'. Ar an gcaoi sin, rannchuideoidh an staidéar seo le foirmiú fhormhór na ngníomhaíochtaí is gá chun an intleacht shaorga a ghlasú ionas gur féidir léi a bheith mar bhonn do chlár d'algartaim ghlasa Eorpacha a d'fhéadfadh a bheith ann nó d'aon reachtaíocht maidir leis an intleacht shaorga ghlas a d'fhéadfaí a chur san áireamh amach anseo. Ní áirítear sa togra le haghaidh Gníomh um an Intleacht Shaorga aon dreasachtaí ná oibleagáidí chun tionchar na gcóras intleachta saorga ar an gcomhshaol a ríomh ná a ionsamhlú, agus dá bhrí sin ní bheadh aon ghníomhaíocht, clár ná dlí atá ann cheana ag forluí ar an staidéar sin.

Cur chun feidhme

Dhíreodh príomhghníomhaíochtaí an staidéir ar réitigh neamhtheicneolaíocha a shainaithint agus a fhorbairt tuilleadh chun an tionchar ar an gcomhshaol a eascraíonn as úsáid réitigh intleachta saorga a mhaolú, amhail forbairt nósanna imeachta dea-chleachtais, uirlisí agus an bonn eolais is gá chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin.

PP 02 23 *(Ar lean.)*

PP 02 23 03 *(Ar lean.)*

Go sonrach, ós rud é go bhfuil tomhaltas fuinnimh agus déine carbóin na gcóras intleachta saorga ag teacht chun cinn mar phríomhfhadhb chomhshaoil, tá na gníomhaíochtaí seo a leanas beartaithe chun spreagadh a thabhairt d'fhorbróirí/soláthraithe athrú:

— dea-chleachtais a shainaithint agus stór a ghiniúint lena n-áirítear samplaí de dhearadh agus d'fheidhmiú atá fuinneamhéifeachtúil a d'fhéadfadh a bheith ina ndea-chleachtais do ghnólachtaí;

— bunaithe air sin, forbairt treoirlínte agus modheolaíocht le haghaidh algartaim éifeachtúla, lena n-áirítear na sonraí is fearr a sainaithníodh agus samhlacha réamhoiliúna ó thaobh chuíchóiriú na gníomhaíochta oiliúna. Is é an cuspóir atá ann samhlacha a shainaithint lena laghdaítear ídiú fuinnimh trí mhéid na sonraí is gá chun oiliúint a chur ar shamhail, an méid ama chun oiliúint a chur uirthi agus líon na n-atriallta chun a pharaiméadair a bharrfheabhsú, agus déine carbóin na samhla sin a laghdú. Ós rud é nach bhfuil aon mhodheolaíocht ann faoi láthair chun tionchar na gcóras intleachta saorga nó na n-algartam ar an gcomhshaol a ríomh nó a ionsamhlú, leagfaí síos leis an staidéar sin an obair bhunaidh dá fhorbairt agus spreagfaí feidhmiú céimneach na gcóras nó na n-algartam sin;

— forbairt ar 'mharcáil éifeachtúlachta fuinnimh agus déine carbóin' le haghaidh córais intleachta saorga, eadhon marcáil lenar féidir le forbróir/soláthraí lorg carbóin córais intleachta saorga a léiriú arna ríomh trí mheasúnú a dhéanamh ar ídiú cumhachta na n-algartam a oiliúint agus a chur i gcrích, lena n-áirítear faisnéis a nochtadh faoin bhfoinse fuinnimh agus faoi úsáid fuinnimh in-athnuaite. Bheadh gá leis an marcáil sin íoschaighdeáin agus scála éifeachtúlachta a shainiú, chomh maith le modheolaíocht agus nós imeachta chun an fhaisnéis a nochtadh;

— bunaithe ar an 'marcáil éifeachtúlachta fuinnimh agus déine carbóin', aithnítear 'lipéad IS glas' a fhorbairt, lipéad lena n-aithnítear nach bhfuil córais intleachta saorga níos déine ó thaobh carbóin de agus atá níos fuinneamhéifeachtúla agus lena gcuirtear chun cinn na teicnící agus na nósanna imeachta a úsáidtear ar mhaithe le héifeachtúlacht níos fearr;

— réitigh eile dhreasachta a shainaithint mar shainmhíniú táscairí chun leibhéal inbhuanaitheachta IS agus úsáid na hinbhuanaitheachta a thomhas mar chritéar measúnaithe sa soláthar poiblí;

— feachtas scaipthe a dhearadh agus a chur chun feidhme chun aird a tharraingt ar na torthaí a fuarthas leis an staidéar, rud a spreagfaidh feasacht maidir leis an acmhainneacht a bhaineann le húsáid na hintleachta saorga glaise mar veicteoir le haghaidh inbhuanaitheacht comhshaoil.

PP 02 23 04 Treoirthionscadal — Uirlisí idir-inoibritheachta a fhorbairt sa mhargadh aonair digiteach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| p.m. | 200 000 | 400 000 | 100 000 | |

**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PP 02 23 *(Ar lean.)*

PP 02 23 04 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

Cuireann an tIdirlíon fás agus nuálaíocht ar fáil ar luasanna nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Ach tá dearmad déanta den chuid is mó go raibh idir-inoibritheacht ar cheann dá bhunphrionsabail ailtireachta. Tá seirbhísí cosúil leis an nGréasán agus ríomhphost bunaithe ar idir-inoibritheacht. Mar sin féin, cuireadh 'gairdíní ballaí' ina bhfuil úsáideoirí gaibhnithe ag líon beag cuideachtaí, go háirithe seirbhísí teachtairí agus meán sóisialta, in ionad seirbhísí córais éagsúil agus díláraithe a bhfuil caighdeáin oscailte aige. D'fhéadfadh an treoirthionscadal sin a bheith ina chéad chéim chun aghaidh a thabhairt ar an gceannasacht sin sa mhargadh agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le cothrom iomaíochta a bhaint amach san earnáil dhigiteach chun tacú le FBManna Eorpacha. Is é an aidhm a bheadh leis an treoirthionscadal seo ná roghanna a leagan amach maidir le hidir-inoibritheacht, buntáistí, dúshláin agus réitigh theicniúla a d'fhéadfadh a bheith ann do sheirbhísí teachtairí agus meán sóisialta mar chéad chéim i dtreo caighdeáin idir-inoibritheachta oscailte a fhorbairt. Leis Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lch. 1), tugtar aghaidh cheana féin ar idir-inoibritheacht le haghaidh seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir in Airteagal 7 agus iarrtar ar an gCoimisiún a mheas ar cheart an raon feidhme a leathnú chuig seirbhísí líonraithe shóisialta ar líne. D'fhéadfadh an treoirhtionscadal seo cur le meastóireacht den sórt sin agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé níos mó iomaíochta a chruthú i gcás ina bhféadfadh seirbhísí agus táirgí comhoiriúnacha cur le córais a bhfuil 'gairdíní ballaí' mórthimpeall orthu agus ar an gcaoi sin níos mó cuideachtaí a chumasú chun dul in iomaíocht le geatóirí digiteacha. Dá bhrí sin, rannchuideodh sé le roghanna malartacha Eorpacha, le huathriail straitéiseach Eorpach agus le ceannasacht dhigiteach na hEorpa a chothú. Chun go n-éireodh leis na huirlisí sin, gné lárnach a bheadh ann ná ardleibhéal cosanta sonraí, trédhearcachta agus rogha an úsáideora a ráthú.

PP 02 23 05 Treoirthionscadal — An comhlacht Eorpach um chaighdeáin scairdbhreosla agus deimhniú sábháilteachta

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 990 000 | 247 500 | 1 000 000 | 250 000 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

Is é is aidhm don treoirthionscadal seo ceannaireacht agus neamhspleáchas na hEorpa a chur chun cinn maidir le caighdeáin bhreosla don eitlíocht. Faoi láthair, socraíonn an tAontas Eorpach caighdeáin bhreosla do mhodhanna éagsúla iompair ar chúiseanna sábháilteachta agus inbhuanaitheachta, ach ní hamhlaidh atá in earnáil na heitlíochta. Baineann dúshláin leis sin maidir le leasanna an Aontais a dhaingniú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear ceannaireacht theicneolaíoch agus inbhuanaitheacht, chomh maith le baic ar dheimhniúchán a sheachaint agus lena áirithiú go ndéantar leas an phobail a choinneáil.

PP 02 23 *(Ar lean.)*

PP 02 23 05 *(Ar lean.)*

Chun an Comhaontú Glas don Eoraip agus na spriocanna arna mbunú i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1) a chomhlíonadh, laistigh den earnáil iompair i gcoitinne agus san eitlíocht go háirithe, tá gá le héabhlóid leanúnach chun tionchar na scairdbhreoslaí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a laghdú. Go deimhin, beidh aistriúchán díreach ag a chomhdhéanamh ar mhéid na n-astaíochtaí $CO_2$ in aghaidh an phaisinéara in aghaidh an chiliméadair, ach, go deimhin, ar na hastaíochtaí neamh-$CO_2$, a measann Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) go mbeidh a dtionchar ar an aeráid chomh mór le dhá oiread le tionchar na n-astaíochtaí $CO_2$ amháin. Cé go gcuideoidh Breoslaí Eitlíochta Inbhuanaithe (SAFanna) agus breoslaí sintéiseacha go háirithe le hastaíochtaí $CO_2$ a laghdú trí ghnáthbhreosla a ionadú níos mó ná riamh, foráiltear fós i Rialachán (AE) 2023/2405 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le cothrom na Féinne a áirithiú d'aeriompar inbhuanaithe (ReFuelEU Aviation) (IO L, 2023/2405, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2405/oj) go gcoinneoidh an scairdbhreosla iontaise an sciar is mó laistigh den chumasc breosla eitlíochta go ceann blianta fada. Thairis sin, is é go díreach cumhránaic agus sulfar a bheith i gceirisín is cúis le tionchair neamh-$CO_2$, agus ar gá aghaidh a thabhairt orthu go práinneach.

Ceann de na srianta a chonacthas san fhiontar seo is ea an fhíric go dtarlaíonn an próiseas caighdeánaithe atá ann faoi láthair le haghaidh scairdbhreosla beagnach go heisiach laistigh de *ASTM International*, eagraíocht phríobháideach SAM-bhunaithe a thairbhíonn de mhonoplacht, beagnach. Tá an baol ann go gcuirfidh an *status quo* reatha moill agus bac, sa deireadh, ar fhorbairt agus ar ghlacadh tapa deiseanna nuálaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann i gcomhdhéanamh scairdbhreosla, lena n-áirítear sábháilteacht, íoslaghdú éifeachtaí neamh-$CO_2$, truailliú agus astaíochtaí $CO_2$, a mheastar a tharlóidh sna blianta atá le teacht. Ní mór don Aontas a bheith go hiomlán ullamh chun a neamhspleáchas féin a bheith aige sa réimse seo, mar is amhlaidh in go leor earnálacha eile, ionas go mbeidh sé in ann a bheith ina cheannródaí. Tá comhlacht um chaighdeánú ag an Ríocht Aontaithe freisin le haghaidh breoslaí eitlíochta, rud a fhágann an tAontas ina aonar i ndáil leis sin, agus ar an gcaoi sin baintear an bonn óna neamhspleáchas.

Dá bhrí sin, i bhfianaise na n-athruithe atá beartaithe i réimse an scairdbhreosla, lena n-áirítear deimhniú ceanglas breise ar SAFanna a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/2405, agus i bhfianaise an ghá atá ann nuálaíocht a chothú i réimse na n-astaíochtaí nialasacha agus an truaillithe nialasaigh, tá sé tábhachtach uathriail straitéiseach an Aontais a áirithiú. Bheadh an treoirthionscadal seo ina chéad chéim chun uirlis úsáideach a chumasú lena soláthrófaí na struchtúir is gá don Aontas chun cinneadh a dhéanamh maidir le caighdeáin agus critéir maidir le breoslaí eitlíochta agus cáilíochtaí cumaisc. Gné ar leith ba ea dul chun cinn a dhéanamh ar deireadh maidir leis na hiostairseacha le haghaidh cumhránaic agus sulfar a ísliú, an éabhlóid i dteicneolaíochtaí innill a chothú agus an bealach a réiteach do scairdeanna oibriú le comhdhéanamh breosla eitlíochta inbhuanaithe 100 %.

I bhfianaise na n-impleachtaí sábháilteachta ábhartha d'earnáil na heitlíochta, ba mhaith an rud é an treoirthionscadal sin a bheith ann chun na féidearthachtaí agus na ceanglais d'eintiteas atá bunaithe san Aontas a fhiosrú, agus sa chiall sin a shainaithint cén ról a d'fhéadfadh a bheith ag EASA sa phróiseas sin.

Ar deireadh, is léir go dtacaíonn an treoirthionscadal seo le cuspóirí éagsúla de chuid an Aontais, lena n-áirítear uathriail straitéiseach, ceannaireacht theicneolaíoch, spriocanna Chomhaontú Pháras, an Comhaontú Glas don Eoraip, an Dlí Aeráide Eorpach, an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, Clár Eitlíochta Inbhuanaithe EASA, Rialachán (AE) 2023/2405, agus beartais éagsúla eile eitlíochta agus tionsclaíocha. Thairis sin, d'fhéadfadh sé comhoibriú a lorg go héasca le comhlachtaí eitlíochta idirnáisiúnta agus tionscnaimh chun comhsheasmhacht agus comhchuibhiú a áirithiú ar an leibhéal idirnáisiúnta, gan an eitlíocht idirnáisiúnta a chur i mbaol, agus cuspóirí sábháilteachta agus inbhuanaitheachta níos fearr á gcur chun cinn.

**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PP 02 23 *(Ar lean.)*

PP 02 23 06 Treoirthionscadal — Togra le haghaidh Cur Chuige Comhpháirteach Eorpach i leith Dramhaíl Radaighníomhach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| p.m. | 400 000 | 1 000 000 | 250 000 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

Ní hamháin gur ionsaí follasach ar an smacht reachta agus ar an daonlathas é ionradh creachach míleata na Rúise, a seoladh i mí Feabhra 2022 i gcoinne stát ceannasach na hÚcráine, ach is meabhrúchán é sin gur gá don Aontas infheistíocht a dhéanamh ina uathriail straitéiseach. Fad nach bhfuil córas fuinnimh athléimneach ag an Aontas, córas lenar féidir cinnteacht an tsoláthair a áirithiú go leordhóthanach, beidh sé leochaileach i gcónaí i leith brúnna geopholaitiúla trí onnmhairí fuinnimh a úsáidtear mar arm.

Aithnítear go leordhóthanach an fuinneamh núicléach mar fhoinse fuinnimh atá slán, iontaofa agus dícharbónaithe. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh ról níos mó a bheith ag cúrsaí núicléacha inár meascán fuinnimh mar fhoinse fuinnimh dhícharbónaithe a d'fhéadfadh an gá atá againn le hallmhairí a laghdú go mór agus, dá bhrí sin, uathriail straitéiseach an Aontais a neartú.

Sa mheasúnú teicniúil ar fhuinneamh núicléach a rinne an tAirmheán Comhpháirteach Taighde in 2021, deimhníodh an comhdhearcadh leathan teicniúil agus eolaíoch maidir le foirmíochtaí doimhne geolaíocha mar bhealach iomchuí, sábháilte agus indéanta chun dramhaíl radaighníomhach a dhiúscairt ar feadh tréimhsí an-fhada. Ina theannta sin, ní raibh sé i gceist go mbeadh na nósanna imeachta stórála atá ann faoi láthair, le haghaidh breosla núicléach spíonta agus cineálacha eile dramhaíola idirmheánaí agus ardleibhéil inscaipthe go héasca, inbhuanaithe san fhadtéarma.

Ina theannta sin, luaitear sa dréachtghníomh tarmligthe comhlántach maidir le fuinneamh núicléach a chur san áireamh sa tacsanomaíocht, mar a mhol an Coimisiún, nach mór do na Ballstáit 'plean ina mbeidh céimeanna mionsonraithe acu chun saoráid diúscartha do dhramhaíl radaighníomhach ardleibhéil a bheith i bhfeidhm faoi 2050'.

Tá an creat dlíthiúil atá ann faoi láthair maidir le bainistiú agus loingsiú dramhaíola núicléiche bunaithe ar chonradh Euratom agus déantar é a fhorbairt tuilleadh trí Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte ar bhreosla spíonta agus ar dhramhaíl radaighníomhach (IO L 199, 2.8.2011, lch. 48) agus trí Threoir 2006/117/Euratom ón gComhairle an 20 Samhain 2006 maidir le maoirseacht agus rialú loingsithe dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta (IO L 337, 5.12.2006, lch. 21). Mar atá cúrsaí faoi láthair, is saincheist náisiúnta í dramhaíl radaighníomhach agus is ag gach ceann de na Ballstáit go heisiach atá an inniúlacht í a dhiúscairt. Go sonrach, ceanglaítear ar na Ballstáit le Treoir 2011/70/Euratom creat reachtach, rialála agus eagraíochtúil náisiúnta a bhunú agus a choinneáil (Airteagal 5) lena n-áirítear clár náisiúnta a ghlacadh chun breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú, lena gcumhdaítear gach cineál breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí faoina dhlínse agus gach céim de bhainistiú breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí ó ghiniúint go diúscairt (Airteagal 11).

PP 02 23 *(Ar lean.)*

PP 02 23 06 *(Ar lean.)*

Bheadh loingsithe dramhaíola radaighníomhaí i dtreo saoráid diúscartha choiteann ar leibhéal AE faoi réir na rialacha a leagtar amach i gCaibidil 2 de Threoir 2006/117/Euratom, a dhéileálann le 'loingsithe laistigh den chomhphobal'. Ní mór a chur i bhfios go láidir freisin go bhfuil sainghrúpa curtha ar bun ag an gCoimisiún maidir le gnéithe airgeadais den chúl núicléach, lena n-áirítear saoráid dhomhain diúscartha gheolaíochta, chun tacú leis an gCoimisiún agus measúnú á dhéanamh aige ar ghnéithe costála, maoinithe agus cistithe na saoráidí sin. Ba cheart breathnú ar ghníomhaíochtaí faoi chlár oibre an ghrúpa saineolaithe sin mar chomhlánú ar roinnt de na gníomhaíochtaí a mholtar faoin tionscadal seo.

Cé go gceadaítear dramhaíl radaighníomhach a dhiúscairt i mBallstát eile, leagtar amach in Airteagal 4(1) de Threoir 2011/70/Euratom go mbeidh freagracht deiridh ar gach Ballstát as bainistiú an bhreosla spíonta agus na dramhaíola radaighníomhaí a ghintear ann. Rialaítear an fhéidearthacht dramhaíl radaighníomhach a dhiúscairt i mBallstát eile le hAirteagal 4(4) de Threoir 2011/70/Euratom, atá mar seo a leanas: 'Déanfar dramhaíl radaighníomhach a dhiúscairt sa Bhallstát inar gineadh í, mura rud é, tráth an loingsithe, go mbeidh comhaontú [...] tagtha i bhfeidhm idir an Ballstát lena mbaineann agus Ballstát eile [...] chun saoráid diúscartha a úsáid i gceann acu'. Ba cheart ansin comhaontú nó comhaontuithe den sórt sin a áireamh sa chlár náisiúnta, mar a leagtar síos in Airteagal 12(1), pointe (k), ar dá réir: 'Áireofar na nithe seo a leanas sna cláir náisiúnta [...]: [...] (k) más ann dó nó dóibh, an comhaontú nó na comhaontuithe a tugadh i gcrích'.

Ag an am céanna, moltar do na Ballstáit pleanáil fhadtéarmach a dhéanamh agus stórtha dramhaíola núicléiche geolaíocha doimhne a áireamh ina bpleananna náisiúnta faoi seach.

Sa lá atá inniu ann, níl stór domhain geolaíochta ag aon tír ar fud an domhain le haghaidh breosla núicléach spíonta i bhfeidhm. Faoi láthair, is í an Fhionlainn amháin atá ag tógáil ceann acu agus níl pleananna réalaíocha ach ag an tSualainn agus ag an bhFrainc chun go mbeidh stórtha dramhaíola geolaíche doimhne ar fáil go luath in 2030. Níl a leithéid de choincheapa ag an gcuid eile de na Ballstáit go fóill, dá bhrí sin, thógfadh sé blianta do na tionscadail a d'fhéadfadh a bheith acu amach anseo chun bheith ag feidhmiú. Mar sin féin, ní chuirtear san áireamh i bpleananna dearaidh na Fraince ach cumais diúscartha le haghaidh cibé dramhaíl radaighníomhach Fhrancach atá ann nó atá beartaithe amhail ón lá atá inniu ann.

Cé gurb iad na gléasraí fuinnimh núicléacha na cinn is follasaí, is cinnte nach iad an t-aon fhoinse dramhaíola radaighníomhaí iad. Maidir le tionscal, ospidéil agus feistí leighis, ionaid taighde agus ollscoileanna, táirgeann siad go léir dramhaíl radaighníomhach. Táirgeann na Ballstáit uile agus caithfidh siad déileáil, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil fuinneamh núicléach acu ina meascán fuinnimh, le dramhaíl radaighníomhach de chineál éigin. Creidimid go bhfuil na hiarrachtaí ollmhóra airgeadais agus innealtóireachta atá ag teastáil, chomh maith leis na tréimhsí tógála thar a bheith fada, rud a fhágann gur cosúil go bhfuil dúbailt stórtha doimhne geolaíocha éagsúla scaipthe ar fud an Aontais thar a bheith mí-éifeachtúil.

Dá bhrí sin, seolfar treoirthionscadal i gcomhar le hArd-Stiúrthóireacht ENER agus, má éiríonn leis, leanfar ar aghaidh leis trí réamhbheart (PA). D'fhéadfadh an próiseas sin a bheith i bhfoirm staidéar féidearthachta ar stór domhain dramhaíola núicléiche geolaíche d'úsáid choiteann Eorpach arna dhéanamh ag an 'Cur Chun Feidhme Ardán Teicneolaíochta um Dhiúscairt Gheolaíoch Dramhaíola Radaighníomhaí, mar shampla, ach gan a bheith teoranta dó': beidh an t-eolas a chruthóidh an (IGD-TP) an-ábhartha.

Is é an aidhm a bheadh le staidéar den sórt sin ná a chur ar chumas lucht déanta beartas measúnú a dhéanamh, sonraí atá idir lámha, cibé acu go teicniúil, ó thaobh airgeadais de agus ó thaobh éifeachtúlacht fhoriomlán de, go bhfuil ciall le hacmhainní Eorpacha a chomhthiomsú le chéile chun déileáil le dramhaíl radaighníomhach agus a chinneadh an mbeadh gá le hathbhreithniú ar an reachtaíocht reatha chun cur chuige comhpháirteach Eorpach den sórt sin a chumasú maidir le bainistiú dramhaíola radaighníomhaí.

**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PP 02 23 *(Ar lean.)*

PP 02 23 06 *(Ar lean.)*

Ba cheart díriú go príomha ar na gníomhaíochtaí cumasúcháin is gá, go háirithe comhchóras aicmithe dramhaíola radaighníomhaí san Aontas, agus ina dhiaidh sin leithdháileadh freagrachtaí, úinéireacht/teideal agus dliteanais airgeadais a shainiú idir na gineadóirí dramhaíola, eagraíochtaí bainistithe dramhaíola (i gcás inarb ábhartha) agus na Ballstáit atá rannpháirteach i dtionscadal stóir gheolaíoch dhomhain réigiúnaigh. Ba cheart coimircí núicléacha a mheas go luath san anailís mar aon leis na gnéithe sábháilteachta agus slándála.

***PP 02 24 2024***

PP 02 24 02 Treoirthionscadail — Bonneagar trasteorann lánaí rothaíochta a fhorbairt

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 800 000 | 200 000 | | |

*Barúlacha*

Modh iompair atá sláintiúil, saor ó astaíochtaí agus atá réasúnta neamhchostasach is ea an rothaíocht, ar féidir léi an spleáchas ar iompar atá spleách ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

Cuireann sí le tarraingteacht na gceantar uirbeach, cruthaíonn sí struchtúr nua soghluaisteachta áitiúla agus laghdaíonn sí an trácht.

Mar thoradh ar an méadú ar phraghsanna breoslaí iontaise ó cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá méadú tagtha le déanaí ar an éileamh ar an rothaíocht.

D'éascódh tógáil lánaí rothaíochta trasteorann nua soghluaisteacht saoránach a bhfuil tionchar ag an mbochtaineacht iompair orthu agus spreagfadh sé daoine óga a bhfuil stíl mhaireachtála neamhghníomhach acu chun dul i mbun rothaíochta.

Is féidir lánaí rothaíochta a leagan amach ar shuíomh iarnród tréigthe nó, más indéanta, is féidir iad a leagan amach i limistéir coisithe feadh bhruach an uisce, agus i limistéir nach bhfuil rochtain ag carranna orthu ionas nach gcuirfear bac ar thrácht ar bhóithre.

Mar sin féin, chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na rothaíochta agus é mar aidhm líon na gciliméadar a rothaítear san Eoraip a dhúbailt faoi 2030, tá sé tábhachtach forléargas níos fearr a fháil ar an staid reatha sna Ballstáit. Le forbhreathnú den sórt sin, bheifí in ann anailís eolasach a dhéanamh ar an méid bonneagair rothaíochta atá ag teastáil.

Dá bhrí sin, feidhmeoidh an treoirthionscadal seo chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

— an mhodheolaíocht a shainiú chun sonraí rothaíochta ábhartha a bhailiú, agus

— sonraí a bhailiú maidir le líon na gciliméadar den bhonneagar rothaíochta atá ann cheana sna Ballstáit, maidir le cáilíocht an bhonneagair agus maidir leis an sciar módach den rothaíocht.

**CAIBIDIL PP 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PP 02 24 *(Ar lean.)*

PP 02 24 02 *(Ar lean.)*

Is é an phríomhaidhm a bheidh ann bonn daingean a chur ar fáil do na measúnuithe a dhéanfar amach anseo ar an méid ba ghá an bonneagar rothaíochta atá ann cheana san Aontas a leathnú amach.

**CAIBIDIL PP 03 — AN MARGADH AONAIR**

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go maoineofar cur chun feidhme tionscadal píolótach, ar tionscadail phíolótacha iad atá de chineál turgnamhach, arna gceapadh chun tástáil a dhéanamh ar a indéanta agus ar a úsáidí atá gníomhaíochtaí. Comhfhreagraíonn a n-iomlán leis an leibhéal leithreasuithe a léirítear faoi Airteagal 03 20 01.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***PP 03 17*** ***2017***

PP 03 17 03 Treoirthionscadal — Faireachán comhshaoil ar úsáid lotnaidicídí trí bheacha meala

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 388 143,32 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

**CAIBIDIL PP 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

## *PP 03 18 2018*

PP 03 18 01 Acmhainneacht idirnáisiúnaithe a mhéadú trí líonraí Eorpacha FBManna

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 105 192,90 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 03 18 02 Treoirthionscadal — Tástáil ar astaíochtaí fíorthiomána (RDE) neamhspleácha ar an mbóthar chun faisnéis agus trédhearcacht leathan a áirithiú le haghaidh faireachas margaidh níos fearr

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 983 812,40 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 03 18 03 Treoirthionscadal — Measúnú a dhéanamh ar éagsúlachtaí líomhnaithe i gcáilíocht na dtáirgí a dhíoltar sa mhargadh aonair

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

**CAIBIDIL PP 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

***PP 03 19 2019***

PP 03 19 01 Treoirthionscadal — Cáilíocht seirbhíse sa turasóireacht

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 125 970,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 03 19 02 Treoirthionscadal — Rochtain a thabhairt do scoileanna neamhcheangailte ar an idirlíon leathanbhanda satailíte chun go mbeidh teacht acu ar ábhar oideachais ilmheán

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 03 19 03 Treoirthionscadal — Bearnaí sonraí a laghdú agus an bealach a réiteach le haghaidh tionscnaimh ar fud na hEorpa i dtaca le sábháilteacht dóiteáin

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 251 340,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

**CAIBIDIL PP 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PP 03 19 *(Ar lean.)*

PP 03 19 06 Treoirthionscadal — Teorainn a chur le dé-cháilíocht agus eagraíochtaí tomhaltóra a láidriú san Aontas

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 67 378,07 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

***PP 03 20 2020***

PP 03 20 01 Treoirthionscadal — Cinn scríbe chliste

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 697 000 | 0,— | 118 800,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 03 20 02 Treoirthionscadal — Measúnú a dhéanamh ar na dúshláin agus na deiseanna do ghníomhaíochtaí faireachais mhargaidh i ndáil le teicneolaíochtaí nua agus an slabhra soláthair digiteach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 57 069 | 0,— | 199 457,80 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

**CAIBIDIL PP 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PP 03 20 *(Ar lean.)*

PP 03 20 03 Treoirthionscadal — Staidéar indéantachta le haghaidh clárlann sócmhainne Eorpach i gcomhthéacs an chomhraic in aghaidh an sciúrtha airgid agus na himghabhála cánach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 189 950 | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 03 20 04 Treoirthionscadal — Leas eallaigh déiríochta, lena n-áirítear bearta chun laonna déiríochta nach bhfuil bainte den diúl agus ainmhithe ag deireadh a ngairme a chosaint

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 343 725 | p.m. | 206 235 | 0,— | 383 442,50 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 03 20 05 Dea-chleachtais maidir le haistriú chuig córais táirgthe uibhe a bhfuil leas níos airde ag baint leo agus iad saor ó chásanna

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 417 193 | 0,— | 182 007,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

**CAIBIDIL PP 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

***PP 03 21 2021***

PP 03 21 01 Treoirthionscadal — Fóram Eorpach maidir le Cur Amú Bia ag Tomhaltóirí

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 250 000 | p.m. | 450 000 | 250 000,— | 62 500,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 03 21 02 Treoirthionscadal — Monatóir ar Úinéireacht na Meán

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 149 236 | p.m. | 599 680 | 0,— | 460 882,43 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 03 21 03 Treoirthionscadal — Faireachán a dhéanamh ar thionchair na gcriosanna saorthrádála agus na dtreoirlínte maidir le nuachóiriú amach anseo i bhfianaise an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 177 150,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

**CAIBIDIL PP 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

***PP 03 22 2022***

PP 03 22 01 Treoirthionscadal — Faireachán leabaithe ar institiúidí agus gníomhaíochtaí airgeadais díláraithe

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 125 000 | 250 000,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 03 22 02 Treoirthionscadal — Ag tacú leis an éiceathurasóireacht Eorpach i gcomhthéacs na géarchéime arb é COVID-19 ba chúis léi

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 682 850 | p.m. | 292 650 | 975 500,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 03 22 03 Treoirthionscadal — an Limistéar Aonair Eorpach um Fhorfheidhmiú Digiteach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 300 000 | p.m. | 260 000 | 990 500,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

**CAIBIDIL PP 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PP 03 22 *(Ar lean.)*

PP 03 22 04 Treoirthionscadal — Ról na ndlíthe cóipchirt maidir le cianoideachas agus taighde a éascú

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 695 250 | 700 000 | 175 000 | 690 500,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

***PP 03 23*** ***2023***

PP 03 23 01 Treoirthionscadal — Acmhainneacht a Fhorbairt don Éiceachóras Turasóireachta — Rochtain ar Chistiú ón Aontas

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| p.m. | p.m. | 3 000 000 | 750 000 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

Is FBManna agus geallsealbhóirí beaga eile 99,9 % den éiceachóras turasóireachta. Tá cion na micreachuideachtaí agus na gcuideachtaí beaga thar a bheith ard in earnáil na n-óstán, na mbeáir agus na mbialanna, agus tá go leor úinéirí ag feidhmiú go neamhspleách nó faoi shaincheadúnas ó ghrúpaí móra. Dúshlán coiteann a d’ardaigh an comhphobal turasóireachta le linn cruinnithe éagsúla de chuid an Tascfhórsa Turasóireachta i gCoiste TRAN is ea rochtain ar chistiú ón Aontas. Creideann formhór na ngeallsealbhóirí turasóireachta go bhfuil sé tábhachtach líne buiséid turasóireachta chuí a chruthú, ach go dtí go ndéanfar é sin, ní mór don éiceachóras turasóireachta foghlaim conas rochtain a fháil ar 14 chlár éagsúla atá ar siúl faoi láthair sa chreat ilbhliantúil.

Tá sé mar aidhm leis an Treoirleabhar maidir le cistiú ón Aontas don turasóireacht a eisíodh le déanaí tacú leis an éiceachóras turasóireachta deiseanna a aimsiú. Is é an cheist atá ann ná conas is féidir leis an Aontas cur le cumas an chomhphobail turasóireachta agus le codanna eile den éiceachóras turasóireachta rochtain a fháil ar na glaonna éagsúla sin? Is é sin an chéim dheiridh atá le tabhairt chun micreafhiontair agus FBManna a chumhachtú, agus an tÉiceachóras Turasóireachta a bheith ar an eolas faoin chistiú ón Aontas atá ar fáil agus rochtain a fháil air, comhpháirtíochtaí agus cuibhreannas a aimsiú, dea-chleachtais agus uirlisí eile a aimsiú.

**CAIBIDIL PP 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PP 03 23 *(Ar lean.)*

PP 03 23 01 *(Ar lean.)*

De réir na dtorthaí i dtuarascáil speisialta an Aontais dar teideal 'Tacaíocht AE don turasóireacht – An gá atá le treoshuíomh straitéiseach nua agus le cur chuige cistiúcháin níos fearr' ón gCúirt Iniúchóirí, le linn an chreata airgeadais ilbhliantúil roimhe seo, bhí gníomhaíochtaí an Choimisiúin chun tacú le héiceachóras turasóireachta Aontais éifeachtach i bpáirt.

Le conair an aistrithe don turasóireacht, leagadh béim freisin ar an ngá atá le rochtain ar chistiú ón Aontas a éascú, an gá atá le hacmhainneacht a mhéadú, tacaíocht trí chúnamh teicniúil agus cistiú chun freastal ar na héilimh sin.

Agus é sin á chur san áireamh, tá sé i gceist ag an tionscadal píolótach seo:

— rochtain ar chistiú an Aontais a éascú d'fhiontair turasóireachta agus don phobal turasóireachta i gcoitinne trí na deacrachtaí a mhapáil agus trí na huirlisí iomchuí a chruthú chun sciar an éiceachórais turasóireachta agus taistil a mhéadú maidir le húsáid iomlán cistí, rud a chuirfidh leis an mbunachar sonraí atá ann cheana de thionscadail arna maoiniú ag an Aontas;

— anailís a dhéanamh ar na cláir sa treoirleabhar atá oiriúnach chun spriocanna na gconairí aistrithe turasóireachta a chur chun feidhme ag brath ar phróifíl na ngeallsealbhóirí agus ar aibíocht na smaointe tionscadail;

— aird a tharraingt ar dhea-chleachtais na dtionscadal turasóireachta a fhaigheann cistiú ón Aontas;

— tionscadail rathúla agus nár éirigh leo a chaipitliú: aistriú a spreagadh agus dúbailt a sheachaint;

— fiontair agus an comhphobal turasóireachta a nascadh chun na líonraí atá ann cheana a neartú agus iad a nascadh le pointí teagmhála atá in ann cuidiú leo;

— treoirlínte a fhorbairt do chuideachtaí agus do chodanna eile d'éiceachóras turasóireachta maidir le conas iarratas a dhéanamh go rathúil ar chláir chistiúcháin an Aontais, agus naisc á ndéanamh le struchtúir atá ann cheana;

— faireachán a dhéanamh le húdaráis bhainistíochta ar cé acu cláir ar bronnadh tionscadail orthu agus ar cén chaoi a n-éireoidh lena gcur chun feidhme.

Tá cuspóirí an treoirthionscadail seo i gcomhréir le Straitéis FBM, leis an Straitéis Tionsclaíochta nuashonraithe agus leis an tuarascáil maidir le straitéis an Aontais don turasóireacht inbhuanaithe a bhunú. Tá sé i gceist acu níos mó cabhrach a léiriú do FBManna agus do ghníomhaithe eile san éiceachóras turasóireachta chun rochtain a fháil ar chistí an Aontais, rud a shoiléireoidh roinnt gnéithe casta.

Tabharfaidh an fhaisnéis a sholáthrófar leis an treoirthionscadal breisluach suntasach maidir leis an úsáid a bhaineann an lucht méadaithe faisnéise sna hinstitiúidí chun an fhor-rochtain ar fud an Aontais a uasmhéadú.

COIMISIÚN
*TREOIRTHIONSCADAIL*

**CAIBIDIL PP 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PP 03 23 *(Ar lean.)*

PP 03 23 02 Treoirthionscadal — Líonra Eorpach d'infheisteoirí atá aireach ar inscne

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| p.m. | 300 000 | 1 000 000 | 250 000 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

Ba cheart don Choimisiún líonra Eorpach d'infheisteoirí atá aireach ar inscne a bhunú. Ba cheart don líonra sin feasacht a mhúscailt agus an bhearna infheistíochta idir na hinscní a chosc trína iarraidh ar an bpobal Eorpach agus ar infheisteoirí príobháideacha agus institiúidí airgeadais gealltanas a thabhairt maidir le spriocanna áirithe éagsúlachta ar bhonn deonach amhail beartais maidir le comhionannas inscne, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun feidhme chomh maith le hionadaíocht inscne a thomhas agus a rianú agus na sonraí a fhoilsiú go bliantúil.

Ag an am céanna, is féidir le líonra infheisteoirí ar leibhéal an Aontais atá aireach ar inscne díriú ar an iliomad bacainní a bhriseadh suas atá ann idir tionscail a bhfuil céatadán an-ard nó céatadán an-íseal de mhná iontu. Is fíor sin go háirithe a mhéid a bhaineann le poist infheisteoirí agus airgeadais ina bhfuil mná faoi ghannionadaíocht, ar dúshlán é don éiceachóras fiontraíochta toisc go léiríonn roinnt staidéar go mbíonn claonadh ag bainisteoirí infheistíochta caipiteal a sholáthar dóibh siúd atá cosúil leo féin agus na daoine siúd a fhostú.

Spreagadh a bheidh sa líonra, méadóidh sé eolas ar fhíricí agus cumasóidh sé comhroinnt dea-chleachtas maidir leis an mbearna infheistíochta idir na hinscní a chosc agus a dhúnadh chomh maith le naisc, líonraí agus deiseanna cistiúcháin ábhartha a chur ar fáil do chuideachtaí atá faoi stiúir ban i gcomhar le líonraí eile amhail WEgate.

Trí fheasacht a mhúscailt agus trí rannpháirtíocht mhéadaithe na mban sa chinnteoireacht infheistíochta a chur chun cinn, rannchuideoidh sé freisin leis an sprioc éagsúlachta inscne arna bunú faoi InvestEU a bhaint amach (ba cheart mná a bheith sa chinnteoireacht maidir le 25 % ar a laghad de na cistí a fhaigheann tacaíocht ó InvestEU).

Ina theannta sin, is féidir leis rannchuidiú lena dhéanamh níos éasca d'fhiontraithe ar mná iad na hinfheisteoirí cearta a aimsiú a dhíríonn ar smaointe gnó na mban agus ar smaointe foirne éagsúla, rud a chruthódh luach breise trí chaidreamh agus tionscnaimh trasteorann agus tras-tionscail.

COIMISIÚN
*TREOIRTHIONSCADAIL*

**CAIBIDIL PP 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

***PP 03 24 2024***

PP 03 24 01 Treoirthionscadal — Staidéar comparáideach ar dhea-chleachtais ar mhaithe le forfheidhmiú níos fearr smachtbhannaí an Aontais

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 500 000 | 125 000 | | |

*Barúlacha*

Is uirlis riachtanach iad bearta sriantacha (smachtbhannaí) chun cuspóirí Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála a chur chun cinn. Áirítear ar a gcuspóirí luachanna an Aontais a chosaint, an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chothabháil, an daonlathas, an smacht reachta agus cearta an duine a chomhdhlúthú agus tacú leo. Is iad na smachtbhannaí an phríomhionstraim i gcónaí i mbosca uirlisí an Aontais chun iompar ionsaitheach agus neamhliobrálach na dtríú tíortha a dhíspreagadh, a chosc agus a cháineadh. Cé go bhfuil tionchar taidhleoireachta agus eacnamaíoch acu ar na córais a bhfuiltear ag spriocdhíriú orthu, is iarracht bhreise iad freisin do riaracháin na mBallstát náisiúnta, nach bhfuil na cumais chéanna acu go léir chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le smachtbhannaí a fhorfheidhmiú. Ós rud é go mbaineann riosca do leasanna airgeadais an Aontais agus do na córais airgeadais náisiúnta leis an easpa cur chun feidhme smachtbhannaí, chomh maith le neamhréireachtaí idir dlínsí éagsúla an Aontais, tá sé tábhachtach a áirithiú go gcuirfear smachtbhannaí an Aontais chun feidhme go cothrom ar fud an Aontais. Tá sé sin ábhartha go háirithe maidir le cur chun feidhme smachtbhannaí an Aontais i gcoinne na Rúise, a glacadh ina dhiaidh sin ó 2014 ar aghaidh. Is cumraíocht thábhachtach é Tascfhórsa #Seize agus Freeze#, a bunaíodh i gcomhar le hArd-Stiúrthóireachtaí éagsúla an Choimisiúin, chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme smachtbhannaí. Is é an dúshlán atá ann, áfach, gur gá smachtbhannaí a chur chun feidhme go haonfhoirmeach i 27 bhfoirmíocht de chuid na mBallstát ina bhfuil roinnt údarás inniúil náisiúnta.

Chun srian a chur le teacht timpeall smachtbhannaí an Aontais agus chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit ina gcúraimí cur chun feidhme smachtbhannaí, baineann an treoirthionscadal seo le staidéar ar na dea-chleachtais agus na sineirgí a rachadh chun tairbhe do bheartas smachtbhannaí an Aontais, agus na samplaí d'Oifig na Stát Aontaithe um Rialú Sócmhainní Eachtracha (OFAC) agus d'údarás forfheidhmithe smachtbhannaí na Ríochta Aontaithe (OFSI) á gcur san áireamh. Ós comhlachtaí láraithe iad a dhéanann maoirseacht ar chur chun feidhme smachtbhannaí agus a éascaíonn iad ina ndlínse féin ina n-iomláine, d'fhéadfadh samplaí OFAC agus OFSI a bheith ina gcúnamh chun smachtbhannaí a fhorfheidhmiú ar fud an Aontais ar bhealach níos fearr. Ina theannta sin, ba cheart don staidéar díriú ar fheidhm na bhfoirmíochtaí atá ann cheana de chomhlachtaí forfheidhmithe smachtbhannaí laistigh de gach Ballstát. Chuideodh sé sin le cosúlachtaí, éagothromaíochtaí, dea-chleachtais agus gnéithe atá in easnamh ar fud dhlínsí uile an Aontais a shainaithint.

Ós rud é go n-ainmníonn gach Ballstát tacar agus líon an-difriúil d'údaráis náisiúnta chun smachtbhannaí an Aontais a fhorfheidhmiú (160 ar a laghad faoi láthair, arna n-ainmniú go hoifigiúil), bheadh sé úsáideach a fheiceáil a mhéid a rachadh comhlacht cur chun feidhme smachtbhannaí láraithe chun tairbhe do chur chun feidhme smachtbhannaí an Aontais, i gcomparáid le líonra comhlachtaí náisiúnta atá scaipthe amach. Chuideodh staidéar den sórt sin le bealach a shainaithint chun imghabháil smachtbhannaí 'inseachanta' a laghdú, eadhon i dtéarmaí reo agus coigistiú sócmhainní agus toirmisc víosaí agus taistil.

COIMISIÚN
*TREOIRTHIONSCADAIL*

**CAIBIDIL PP 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PP 03 24 *(Ar lean.)*

PP 03 24 01 *(Ar lean.)*

Bheadh rannchuidiú riachtanach eile ón staidéar ann i gcomparáid leis na hacmhainní buiséadacha atá tiomnaithe d'fhorfheidhmiú smachtbhannaí i gcreat smachtbhannaí an Aontais atá ann cheana agus na hacmhainní atá ar fáil in OFAC agus OFSI. Chuideodh an anailís chomparáideach sin leis na méaduithe riachtanacha ar na línte buiséadacha a bhaineann le forfheidhmiú smachtbhannaí an Aontais a mheas.

Bunaithe ar na torthaí sin, d'fhéadfaí cur síos a dhéanamh sa staidéar ar an mbreisluach a bhaineann le cur chuige láraithe a bheith ann maidir le smachtbhannaí a fhorfheidhmiú le cabhair ó institiúid thiomnaithe. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh torthaí an staidéir a bheith mar bhonn chun comhlacht cur chun feidhme smachtbhannaí an Aontais a chruthú agus a fheidhmiú amach anseo. Ba cheart go leagfaí amach sa staidéar freisin modúlachtaí an chomhair le OFAC agus OFSI sna coinníollacha reatha agus i gcomhthéacs comhlacht cur chun feidhme smachtbhannaí a bhunú.

Shainaithneofaí sa staidéar freisin na bealaí chun na costais riaracháin agus airgeadais a bhaineann le cur chun feidhme smachtbhannaí a bharrfheabhsú agus a laghdú.

Sa chomhthéacs reatha, i gcás ina meastar go gcuirfeadh acmhainní na Rúise ar chumas na Rúise leanúint ar aghaidh leis an gcogadh go ceann roinnt blianta eile, is ábhar práinne é na smachtbhannaí de chuid an Aontais a glacadh a chur i bhfeidhm a mhéid is féidir agus cosc a chur ar aon iarracht smachtbhannaí a sheachaint. Tá feidhm ag an bpráinn sin freisin maidir le smachtbhannaí téamacha agus tírbhunaithe eile arna nglacadh ag an Aontas.

PP 03 24 02 Treoirthionscadal — Cuideachtaí agus páirtithe leasmhara a thosú amach ar aistear tuairiscithe inbhuanaitheachta na hEorpa

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 3 240 000 | 810 000 | | |

*Barúlacha*

Ba cheart do Chaighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta (ESRSanna), arna dtabhairt isteach le Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15) a gcuspóirí sáraitheacha a bhaint amach agus ag an am céanna a bheith éasca le cur i bhfeidhm ar chuideachtaí, gan ceanglais riaracháin ná costais nach bhfuil gá leo. Ba cheart go gcuirfí san áireamh agus ESRSanna á bhforbairt an cuspóir a bhaineann lena gcur chun feidhme a éascú ón tús. Is é is aidhm don treoirthionscadal feabhas a chur ar an bpróiseas cuí chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a fhorbairt agus aird á tabhairt ar an gcuspóir sin.

**CAIBIDIL PP 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PP 03 24 *(Ar lean.)*

PP 03 24 02 *(Ar lean.)*

Chuige sin, tá gá le rannchuidiú gníomhach ó shaineolaithe agus ó gheallsealbhóirí atá ag feidhmiú ar an láthair, lena n-áirítear custaiméirí cuideachtaí, soláthróirí, infheisteoirí, an tsochaí shibhialta, comhpháirtithe sóisialta, agus ceardchumainn i bhforbairt ESRSanna. Ba cheart don treoirthionscadal gníomhaíochtaí nuálacha a thástáil chun iad a shlógadh ar dtús trí fheasacht a mhúscailt, tacú leo trí fhaisnéis agus oideachas, agus ansin iad a rannpháirtiú in ullmhú dréacht-ESRSanna. Is é an aidhm atá ann ionadaíocht chothrom a bhaint amach ar fhoinsí éagsúla saineolais agus cothromaíocht leathan gheografach a bhaint amach. Ba cheart na dúshláin ar leith atá ag cuideachtaí agus ESRSanna á chur i bhfeidhm acu a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart deiseanna nua rannpháirtíochta i bhforbairt leanúnach ESRSanna a chur ar fáil cheana féin mar chuid den treoirthionscadal.

PP 03 24 03 Treoirthionscadal — Lárionad Ionadaíochta an Aontais Eorpaigh — Tacaíocht a chur ar fáil do ghnólachtaí chun ionadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann siad as ceimiceáin ghuaiseacha trí chomhoibriú, nuálaíocht, taighde agus cúnamh díreach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 1 550 000 | 387 500 | | |

*Barúlacha*

Cuid lárnach de rialacháin an Aontais ar shubstaintí ceimiceacha is ea ionadú éifeachtach agus éifeachtúil substaintí guaiseacha le roghanna malartacha níos sábháilte a chumasú agus tá sé ríthábhachtach chun spriocanna uaillmhianacha an Aontais a bhaint amach maidir le truailliú a chosc, bithéagsúlacht a chosaint agus an aeráid a chosaint, lena n-áirítear cuspóirí na teachtaireachta ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *'Chemicals Strategy for Sustainability'* [Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí] (COM(2020) 667 final) chun an tsláinte agus an comhshaol a chosaint ar bhealach níos fearr trí dhul i dtreo úsáid ceimiceán atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh, úsáid substaintí ar ábhar mór imní iad (SVHCanna) a chéimniú amach agus tacú le teachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Feabhra 2021 dar teideal *'Europe's Beating Cancer Plan'* [Plean Sáraithe Ailse na hEorpa] (COM(2021)44 final) trí nochtadh do charcanaiginí a íoslaghdú.

Cé go bhfuil an-spreagadh agus an-tionchar ag Rialachán (AE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1) agus ag Rialacháin eile de chuid an Aontais, níor chumasaigh siad go fóill ionadú leathan córasach a dhéanamh ar shubstaintí guaiseacha le ceimiceáin níos sábháilte agus roghanna malartacha neamhcheimiceacha. Is gá cabhrú le gach gnólacht agus le gach slabhra luacha ina n-aistear ionadaíochta chun a áirithiú gur féidir le reachtaíocht an Aontais na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach.

**CAIBIDIL PP 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PP 03 24 *(Ar lean.)*

PP 03 24 03 *(Ar lean.)*

Tá géarghá le hathsholáthar a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), ós rud é go bhfuil rochtain níos teoranta acu ar acmhainní teicniúla agus airgeadais lena n-ionadú i gcomparáid le heintitis níos mó. Gan rochtain a fháil ar an gcúnamh teicniúil ceart, bíonn cuideachtaí ag streachailt leis an ionadú, rud a fhágann go mbíonn 'ionadú nár cheart' ag tarlú mar thoradh ar chásanna ina gcuireann úsáideoir ceimiceach guais, leis an airí guaiseach céanna nó airí guaiseach éagúil, in ionad guaise, amhail carcanaigin a chur in ionad néaratocsain. Chomh maith le tacaíocht níos fearr a thabhairt do FBManna agus iad ag ionadú, tá géarghá le cúnamh a thabhairt do ghnólachtaí atá lonnaithe i dteophointí truaillithe tocsaineacha agus do thíortha nach bhfuil rochtain chomh maith acu ar acmhainní teicniúla agus airgeadais má táimid chun prionsabail an chothromais agus an chomhionannais a chur chun cinn, agus chun cothrom iomaíochta a chruthú.

In ainneoin taifead leamh de rialáil cheimiceach ag an leibhéal náisiúnta, sna Stáit Aontaithe d'éirigh le dornán stát tacú le hionadú. D'fhéadfaí a rá gurb é Massachusetts an sampla is fearr de shamhail chun ceimiceáin ghuaiseacha a ionadú. In 1989, chruthaigh reachtas Massachusetts institiúid cheannródaíoch chun cabhrú le malairtí níos sábháilte a chur in ionad ceimiceán tocsaineach — an Institiúid um Laghdú Úsáide Tocsaineach (TURI). Bunaithe in Ollscoil Massachusetts-Lowell, d'éirigh le foireann TURI cuidiú le cuideachtaí, FBManna go háirithe, roghanna malartacha níos sábháilte a chur in ionad ceimiceán guaiseach trí chomhoibriú agus nuálaíocht, lena n-áirítear taighde, cúnamh teicniúil agus airgeadais díreach, agus fócas ar roghanna malartacha a aimsiú a chomhlíonann feidhmíocht úsáideora agus srianta fioscacha.

Tá na torthaí ó Massachusetts suntasach. Ó 2000 go 2020, laghdaigh cuideachtaí Massachusetts úsáid cheimiceach thocsaineach faoi 75 %, dramhaíl faoi 67 % agus scaoiltí faoi 91 %. Is suntasaí fós an laghdú ar úsáid ceimiceán tocsaineach ar leith. Mar shampla, ó 1990 go 2020, laghdaíodh úsáid agus scaoileadh carcanaigine aitheanta (tríchlóireitiléin nó TCE) faoi 95 % agus 97 % faoi seach.

Léireodh an treoirthionscadal a indéanta atá sé lárionad ionadaíochta Eorpach a mhúnlú bunaithe ar TURI chun dlús a chur le hionadú ceimiceán tocsaineach le roghanna malartacha níos sábháilte. Ba cheart ceann amháin nó níos mó de na SVHCanna a shainaithint a bhféadfadh gnólachtaí san Aontas, go háirithe FBManna, roghanna malartacha níos sábháilte a ghlacadh ina leith. Tá dea-theist ar an méid a rinne Turi go nuige eo chun tacú le tionscail éagsúla agus iad i mbun ionadú tuaslagóirí agus dromchlaghníomhaithe. Chomh maith leis sin, tá an taithí atá gnóthaithe ag an Tairseach Tacaíochta Ionadaíochta (SUBSPORT) agus ionaid ionadaíochta náisiúnta éagsúla san Aontas. Molaimid leas a bhaint as an taithí sin chun go mbeifear in ann aistriú ó shubstaintí guaiseacha aitheanta agus ó shubstaintí guaiseacha atá faoi dhrochamhras go roghanna malartacha nach bhfuil chomh tocsaineach céanna i bpríomhthionscail agus i bpríomhearnálacha, amhail na tionscail teicstíle agus tirimghlantacháin.

Chuirfeadh an cruthúnas coincheapa sin pointí sonraí úsáideacha ar fáil don phlé leanúnach a bhaineann le príomhchuspóirí beartais agus reachtaíocht an Aontais, amhail an Straitéis Cheimiceán don Inbhuanaitheacht, an beartas sábháilteacht agus inbhuanaitheacht trí dhearadh agus athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. D'fhéadfadh sé cruthú líonra ionaid ionadaíochta uile-Aontais a chothú chun cabhrú le cuideachtaí a úsáideann SVHCanna chun roghanna malartacha níos sábháilte agus níos inbhuanaithe a aimsiú agus a ghlacadh.

**CAIBIDIL PP 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PP 03 24 *(Ar lean.)*

PP 03 24 04 Treoirthionscadal — Cur chun cinn táirgí lámhcheardaíochta agus tacú le ceardaithe

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
PP 07 23 01 Treoirthionscadal —Tairseach Eorpach Nuachta Teilifíse agus Físeáin na Saoránach le haghaidh Sruthú, Cuardach agus Aistriú clár faisnéise polaitiúil arna léiriú nó arna gcraoladh ag meáin chreidiúnaithe phoiblí agus phríobháideacha i mBallstáit

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| p.m. | 1 250 000 | 2 500 000 | 625 000 | |

COIMISIÚN
*TREOIRTHIONSCADAIL*

**CAIBIDIL PP 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PP 07 23 *(Ar lean.)*

PP 07 23 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

Bíonn réimse poiblí feidhmiúil ríthábhachtach do gach daonlathas. Faoi láthair, áfach, tá formhór mór an réimse phoiblí dhigitigh san Eoraip faoi cheannasacht roinnt corparáidí cumhachtacha atá lonnaithe lasmuigh den Eoraip.

Tá sé d'aidhm ag an treoirthionscadal 'Tairseach Eorpach Nuachta Teilifíse agus Físeáin na Saoránach' rannchuidiú le réimse poiblí feidhmiúil, a thugann ardán sruthaithe físeanna inrochtana ar fud na hEorpa, agus pointe rochtana aonair, do shaoránaigh le haghaidh nuachta agus do cláir faisnéise ar ardchaighdeán do shaoránaigh - i gcomhréir le luachanna Eorpacha agus atá riachtanach chun páirt a ghlacadh i ndaonlathas Eorpach, thar theorainneacha agus ina mBallstát féin.

Chun na críche sin, cruthóidh sé ardán sruthaithe aonair d'ábhar nuachta teilifíse agus físeán, a mbeidh rochtain dhíreach ag lucht féachana agus ag saoránaigh na hEorpa air, a chuirfidh ar a gcumas an t-inneachar go léir a chuireann meáin chláraithe phoiblí agus phríobháideacha ar fáil sna Ballstáit a chuardach agus fotheidil aistrithe a chur ar fáil i dteangacha uile an Aontais den nuacht sin agus de na cláir faisnéise sin. Ní stáisiún teilifíse a bheidh i dTairseach Eorpach Nuachta Teilifíse agus Físeáin na Saoránach, ach ardán neodrach i gciall bhunúsach an fhocail. Dá bhrí sin, ní sholáthróidh sé seirbhísí eagarthóireachta agus beidh sé dírithe ar bhonneagar agus ar theicneolaíocht amháin, ós rud é gurb iad léirithe nuachta agus clár faisnéise atá saibhir agus éagsúil ó na meáin chláraithe sna Ballstáit a sholáthróidh an t-inneachar a bheidh le sruthú ar an Tairseach. Chun na críche sin, féachfaidh sé le comhaontas teicneolaíochta agus comhaontas inneachair a bhunú i measc gníomhaithe leasmhara na meán sna Ballstáit. Cé go bhfuil roinnt gníomhaíochtaí de chuid an Aontais dírithe ar acmhainneachtaí eagarthóireachta agus cruthú inneachair a fheabhsú, féachann an treoirthionscadal seo le dul i ngleic le gné eile. Beidh an Tairseach dírithe ar shaoránaigh agus beidh sí neodrach sa mhéid nach nglacfaidh sí aon chinntí eagarthóireachta maidir le hinneachar a chuireann meáin chreidiúnaithe phoiblí agus phríobháideacha na mBallstát ar fáil. Beidh inneachar táirgeoirí neamhspleácha arna ghiniúint ag úsáideoirí ar fáil ar an ardán ón tús, a mhéid a tharchuir meáin chreidiúnaithe phoiblí nó phríobháideacha den sórt sin san Aontas é roimhe sin. Mar an dara céim, ba cheart nósanna imeachta agus rialacha a dhearadh agus a thástáil ionas go mbeidh cruthaitheoirí neamhspleácha agus UGC in ann rannchuidiú go díreach leis an Tairseach, agus an prionsabal á choinneáil ag an am céanna nach gcuirfidh an Tairseach aon rialú eagarthóireachta i gcrích. Tá an prionsabal sin ríthábhachtach chun a áirithiú, maidir le cáilíocht, iontaofacht agus neamhspleáchas na Tairsí chomh maith lena neodracht Inneachair Creidiúnaithe, nach ndéanfar iad a eisiamh ó tharchur thar an Tairseach ach amháin mura gcomhlíonann siad na prionsabail a bhaineann le luachanna an Aontais agus cuirfear na sásraí is gá i bhfeidhm chun neamhspleáchas inneachair a chosaint.

Níor cheart go soláthródh an Tairseach ach an bonneagar agus an teicneolaíocht is gá chun inneachar a chomhiomlánú, a aimsiú agus a chuardach le córas moltaí a fheidhmíonn i gcomhréir le luachanna daonlathacha agus Eorpacha na gConarthaí, córas le haghaidh aistriúchán uathoibríoch agus seirbhís sruthaithe, rud lena gcuirfí léargas iolraíoch ar inneachar ar fáil. Dá bhrí sin, ní bheidh sé d'aidhm ag an gcóras molta an t-am féachana a uasmhéadú trí úsáid a bhaint as scannalú atá ag dul i méid i gcónaí, ná ní bhunóidh sé a chuid moltaí go hiomlán ar phróifílí spéise agus iompraíochta an lucht féachana roimh ré, mar a dhéantar i seirbhísí sruthaithe fógraíochta. Seinnfidh sé inneachar a bheidh bunaithe go docht ar fhocail chuardaigh a úsáideann saoránaigh agus ar na bríonna a bhaineann leis na focail sin, agus thar na teangacha uile, rud a thabharfaidh léargas éagsúil ar an nuacht i ngach cás.

**CAIBIDIL PP 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PP 07 23 *(Ar lean.)*

PP 07 23 01 *(Ar lean.)*

Tá na teicneolaíochtaí uile is gá chun an tionscadal seo a chur i gcrích ar fáil agus ní gá ach iad a thabhairt le chéile agus a chomhtháthú in aon chóras amháin. Tá sé indéanta, dá bhrí sin, an chéim thábhachtach bhreise sin a thabhairt i dtreo na gné ríthábhachtaí sin de lánpháirtiú agus daonlathas Eorpach. Ní bheidh daonlathas Eorpach inbhuanaithe ann i ré an digitithe ach amháin más féidir réimse poiblí Eorpach a bhunú, rud lena dtabharfar faisnéis fhíoraithe agus dearcthaí éagsúla maidir le himeachtaí reatha do gach saoránach thar theorainneacha teanga agus cultúrtha. I bhfíor-réimse poiblí Eorpach inbhuanaithe, na saoránaigh i dtíortha beaga agus i ngrúpaí teanga nó na saoránaigh a bhfuil cónaí orthu i mBallstáit ar lú a n-éagsúlacht nó a neamhspleáchas ó thaobh na meán de, ní mór rochtain a bheith acu ar éagsúlacht na faisnéise nuachta Teilifíse agus físeáin agus na ndoiciméad atá curtha ar fáil san Eoraip ag meáin chreidiúnaithe, arna maoiniú go minic ó chistí poiblí.

Tabharfar aghaidh sa treoirthionscadal ar an ngá atá le bheith eagraithe ar deireadh i bhfoirm duine dhlítheanaigh, gan rialú ag na Ballstáit ná ag Institiúidí an Aontais ná ag cuspóirí brabúis, ach a sholáthraíonn seirbhíse poiblí neamhspleáiche a fhaigheann maoiniú poiblí.

Is smaoineamh gan fasach í Tairseach Eorpach Nuachta Teilifíse agus Físeáin na Saoránach, ós rud é nach ann daon ardán sruthaithe digiteach faoi láthair i bhfoirm pointe rochtana aonair ar éagsúlacht ollmhór na n-earraí cultúrtha Eorpacha i bhfoirm nuachta teilifíse agus físeán agus cláir faisnéise polaitiúla bunaithe ar chóras agus ar chaighdeáin chothroma mholtóra atá deartha i gcomhréir lenár gcearta agus le luachanna Eorpacha. Leis an Tairseach beidh rochtain ag saoránaigh uile an Aontais ar an meascán saibhir cultúrtha agus daonlathach de theilifís agus d’fhíseáin phoiblí agus phríobháideacha a léiríonn na meáin chreidiúnaithe i ngach Ballstát. Beidh sí ina bhloc tógála – bunaithe ar bhonneagar – ar an mbealach i dtreo réimse poiblí digiteach Eorpach feidhmiúil a chruthú agus cuirfidh sí le tionscadail eile atá ann cheana, tabharfar aghaidh léi ar an easpa réimse poiblí ina ndéantar saincheisteanna coiteanna Eorpacha a chonspóid agus tabharfar deis léi lánpháirtiú agus daonlathas Eorpach a chur chun cinn.

Tá an tionscadal seo ag teacht le pleananna reatha an Choimisiúin, ach níl sé ag iarraidh cumais eagarthóireachta lucht déanta inneachair a fheabhsú. Beidh an Tairseach i sineirge le tionscadail eile de chuid an Aontais a chuireann feabhas ar chumas táirgeoirí nuachta Eorpacha inneachar a chruthú amhail ardáin Eorpacha na meán agus an spás sonraí do na meáin.

Mar sin féin, díreoidh an togra seo go heisiach ar bhonneagar agus ar theicneolaíocht lena dtabharfar rochtain dhíreach do shaoránaigh ar inneachar éagsúil atá ann cheana, seachas ar inneachar nua a tháirgeadh.

Sa treoirthionscadal seo fiosrófar sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann ó thaobh sonraí a roinnt agus a mhalartú leis an spás sonraí do na meáin.

Ní mór don Tairseach físeán HQ ar ard-bhandaleithid agus ar aga folaigh íseal a sholáthar agus is féidir í a chur i bhfeidhm i roinnt céimeanna. Don chéad bhliain, ní mór tosaíocht a dhéanamh de na ceanglais agus na sonraíochtaí teicneolaíochta agus bonneagair a mbeadh gá leo, dearadh an treoirphlean molta agus na riachtanais airgeadais a bheidh ann amach anseo a shainaithint, rud a dhéanfar freisin trí staidéar indéantachta a dhéanamh. Beidh sé riachtanach freisin an struchtúr dlíthiúil a dhearadh chun an t-ardán a bheidh ann amach anseo a rialú agus tús a chur le comhghuaillíocht de mheáin chreidiúnaithe príobháideacha agus poiblí a thógáil sna Ballstáit atá toilteanach a n-inneachar a chur ar fáil. Sa dara bliain, ceapfar an chéad taispeántóir ar an mbonn sin agus roghnófar lucht déanta inneachair eile chun dul isteach sa Tairseach.

COIMISIÚN
*TREOIRTHIONSCADAIL*

**CAIBIDIL PP 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PP 07 23 *(Ar lean.)*

PP 07 23 02 Treoirthionscadal — Doiciméadú a dhéanamh ar na dea-chleachtais ó thaithí a bhaineann le heagrú agus le laghdú an ama oibre san Eoraip

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 1 500 000 | 375 000 | 250 000 | 62 500 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

An féidir leis an tseachtain oibre 4-lá aghaidh a thabhairt ar chuid de na fadhbanna is práinní i saol oibre an 21ú haois?' Ba í seo an cheist a ardaíodh le linn plé painéil in Davos an 19 Eanáir 2023. I measc na mbuntáistí eile a cuireadh chun cinn, mhínigh Karien van Gennip, Aire Saothair na hÍsiltíre, gur dócha go mbeadh cothromaíocht níos fearr ann seachas formhór na mban ag obair trí lá agus an chuid is mó de na fir cúig lá [san Ísiltír]. Leag Bloomberg béim ar chonclúid an phainéil faoi na téarmaí 'd'fhéadfadh an tSeachtain 4-Lá a bheith ar an leigheas is fearr chun cloíteacht a sheachaint agus chun borradh a chur faoi tháirgiúlacht'. In 2021, chinn rialtas na Spáinne turgnamh a sheoladh le cuideachtaí deonacha chun tástáil a dhéanamh ar an éifeacht a bhíonn ar chruthú post, ar cháilíocht saoil agus ar tháirgiúlacht nuair a athraítear go seachtain oibre 4 lá. Ní eisceacht í an Spáinn: tá an díospóireacht ag dul i dtreis i roinnt tíortha a bhfuil deacrachtaí earcaíochta acu in go leor earnálacha agus a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar mharthanacht na holl-dífhostaíochta.

Dá bhrí sin, is é is aidhm don treoirthionscadal seo sonraí a bhailiú maidir le taithí nithiúil ar laghdú ama oibre agus atheagrú chun meastóireacht a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann leo chomh maith le míbhuntáistí agus na sonraí sin a chur ar fáil do na comhpháirtithe sóisialta.

Ba cheart cothromaíocht leordhóthanach a bheith ann idir cistiú gníomhaíochtaí taighde faoin treoirthionscadal agus cistiú gníomhaíochtaí cumarsáide.

Leis an gcistiú taighde, ba cheart go bhféadfaí léirbhreithniú mionsonraithe ar an litríocht a dhéanamh ar na tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a bhaineann le ham oibre a laghdú. Ní bheidh an cistiú le haghaidh gníomhaíochtaí agus imeachtaí cumarsáide níos airde ná mar a bheidh i gcás gníomhaíochtaí taighde agus is tosaíocht é acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh le haghaidh taighde ar ardchaighdeán. Leis an mbreisiú sin, beifear in ann buiséad breise suntasach a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus b'fhéidir le haghaidh taighde is féidir a bhaint amach, má aithnítear sna torthaí go bhfuil gá le taighde breise dá leithéid.

Ós rud é go bhféadfadh beartais agus cleachtais atá an-difriúil a bheith i gceist le 'seachtain 4 lá', breathnófar sa treoirthionscadal ar shamhlacha éagsúla cleachtas agus beartas, agus idirdhealú soiléir á dhéanamh idir samhlacha éagsúla amhail an méid seo a leanas: (1) seachtain 4 lá le laghdú suntasach ar uaireanta oibre (mar shampla, 32 uair an chloig sa tseachtain i gcomparáid le 38 n-uair an chloig ar an meán a oibríodh sa Fhrainc faoi 'loi Robien' in 1997), agus cruthú post agus laghdú ar spriocanna aschuir aonair, (2) seachtain 4 lá le laghdú suntasach ar uaireanta oibre ach gan aon laghdú ar spriocanna aschuir aonair agus gan aon chuspóir maidir le cruthú post (mar a rinneadh i bhformhór na dtrialacha 4 lá oibre a rinneadh in Éirinn agus sa Spáinn le blianta beaga anuas); agus, (3) ar bhonn níos lú, toisc nach beartais um 'laghdú ama oibre' iad *per se*, seachtain 4 lá gan laghdú suntasach ar uaireanta oibre (mar shampla beartais rialtais agus trialacha a rinneadh le déanaí sa Bheilg agus sa Fhrainc).

**CAIBIDIL PP 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PP 07 23 *(Ar lean.)*

PP 07 23 02 *(Ar lean.)*

Beidh na gníomhaíochtaí cumarsáide faoin treoirthionscadal ina léiriú leordhóthanach ar thorthaí an taighde, amhail méid an tionchair a mheastar a bheidh ag an laghdú ama oibre ar thorthaí eacnamaíocha agus sóisialta. Beidh siad dírithe ar na buntáistí agus na míbhuntáistí féideartha a bhaineann leis na cineálacha éagsúla beartas maidir le laghdú ama oibre agus seachtain 4 lá, bunaithe ar thorthaí an taighde faoin treoirthionscadal.

Ina theannta sin, le lánléargas ar na cleachtais éagsúla agus le mapáil dhomhain ar bheartais rialtais a mbíonn tionchar acu ar chleachtais laghdaithe ama oibre cuideachtaí agus ar na creataí dlíthiúla éagsúla i ngach Ballstát, déanfar comhairle a cheapadh maidir le heagraúcháin nuálacha ama oibre a chur chun feidhme, do chomhpháirtithe sóisialta agus do lucht ceaptha beartas araon.

Tá cuspóirí an-éagsúil á saothrú ag na cuideachtaí a rinne triail ar eagraíocht nua ama oibre:

— cothromaíocht oibre/saoil a bheith níos fearr,

— earcaíocht a éascú in earnálacha a mbíonn deacrachtaí acu daoine a earcú,

— dálaí oibre a fheabhsú,

— sláinte fostaithe a fheabhsú agus a strus a laghdú,

— gairmréanna níos faide a éascú,

— poist nua a chruthú,

— an pirimid aoise sa chuideachta a athnuachan,

— eagraíochtaí cáilitheacha a chur chun feidhme agus freagrachtaí na n-oibrithe go léir a mhéadú (ós rud é go n-oibríonn na bainisteoirí níos lú de ghnáth, bíonn deis ag gach oibrí a gcuid freagrachtaí a mhéadú),

— rochtain ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil a fheabhsú (go háirithe in FBManna),

— úsáid na meaisíní is costasaí a mhéadú chomh maith le fad na n-uaireanta oscailte do chustaiméirí a mhéadú.

Sa chéad bhliain den treoirthionscadal, ba cheart go mbeadh torthaí le haghaidh 12 chás-staidéar agus 15 chás-staidéar curtha ar fáil in 2023. Maidir leis na chéad chéimeanna eile den treoirthionscadal, líon na gcás-staidéar a mhéadú. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí líon leordhóthanach cás-staidéar breise a chur chun feidhme chun ionadaíochas an taighde a áirithiú. D'fhéadfaí ionadaíochas an taighde a áirithiú trí chás-staidéir cuideachtaí a áireamh ar fud na mBallstát, na n-earnálacha agus na méideanna éagsúla gnólachta, trí bhunábhar a sholáthar do chomhpháirtithe sóisialta a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun an t-idirphlé sóisialta a chothú, más mian leo é a chur san áireamh i gcaibidlíochtaí amach anseo.

Cad é an toradh ar na heispéiris sin? Cén rath a bhí orthu? Cad iad na teipeanna a bhain leo?

COIMISIÚN
*TREOIRTHIONSCADAIL*

**CAIBIDIL PP 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PP 07 23 *(Ar lean.)*

PP 07 23 02 *(Ar lean.)*

Mar thoradh ar an treoirthionscadal sin, cruthófar measúnú cuimsitheach ar thurgnaimh a bhaineann le heagrúcháin nua ama oibre chomh maith le mapáil na gcleachtas éagsúil agus na gcreataí dlíthiúla éagsúla atá ann cheana maidir le heagrú ama oibre sna Ballstáit uile. I roinnt tíortha, uaireanta tarlaíonn teannas sóisialta mar thoradh ar an ábhar seo. Leis an measúnú seo, bunaithe ar thaithí nithiúil i réimse leathan earnálacha (FBManna agus cuideachtaí móra, idir phoiblí agus phríobháideach, an geilleagar sóisialta, etc...), d'fhéadfaí idirphlé pragmatach agus síochánta a chothú idir fostóirí, fostaithe agus geallsealbhóirí eile, más iomchuí. Go deimhin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar éifeachtaí eagrúchán nua ama oibre i gcomhthéacs iomaíochas domhanda dúshlánach do gheilleagair na hEorpa. Trí anailís a dhéanamh ar thorthaí na dturgnamh oibre 4-lá, cuideofar leis an Aontas an tOchtú prionsabal de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a neartú: Idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht oibrithe, ag brath, ar ndóigh, ar más mian leis na comhpháirtithe sóisialta na torthaí sin a áireamh ina dtosaíochtaí.

Cuirfear an mheastóireacht faoi bhráid na gcomhpháirtithe sóisialta agus lucht déanta cinntí chun go gcuirfear ar fáil í don idirphlé sóisialta in ábhair oideachais éagsúla: an tuarascáil agus a hachoimre, a grafaicí faisnéise agus a bileoga eolais chomh maith le físeáin, podchraoltaí etc. Ba cheart na gníomhaíochtaí cumarsáide a bheith ag brath ar an taighde a dhéantar faoi chuimsiú an treoirthionscadail. Beidh torthaí eatramhacha an treoirthionscadail, bunaithe ar an obair atá ar siúl faoi láthair, foilsithe cheana féin le linn 2024 agus bainfidh na haschuir deiridh tairbhe freisin as an gcistiú suntasach breise a iarradh agus tabharfar an taighde breise cás-staidéir i gcrích in 2025 nó 2026.

Déanfar tionchar an treoirthionscadail seo a thomhas de réir cháilíocht thorthaí an taighde, e.g. cáilíocht na fianaise cás-staidéir, na gníomhaíochtaí taighde breise a chuireann leis an tuarascáil taighde deiridh, cáilíocht na tuarascála deiridh, agus cáilíocht na n-ábhar cumarsáide atá bunaithe ar an taighde sin, agus cuirfear acmhainní leordhóthanacha ar fáil chun a áirithiú go sroichfidh na torthaí taighde éagsúla, agus na hábhair oideachais a tháirgfear bunaithe ar na torthaí, spriocghrúpa leathan. Chun torthaí na tuarascála a chur ar fáil do chomhpháirtithe sóisialta, do lucht déanta beartas agus don díospóireacht phoiblí ar fud na hEorpa, tá sé ríthábhachtach go gcuirfear cistiú leordhóthanach ar fáil don bhuiséad atá dírithe ar thorthaí na tuarascála a chur i láthar ar an mbealach is inrochtana is féidir don phobal i gcoitinne, agus do na spriocanna sonracha sin.

Ar ndóigh, ba cheart buiséad an bhreisithe a dhíriú ar mhaoiniú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le foilsiú na dtorthaí taighde i bhfoirm tuarascáil taighde deiridh.

Chun cur leis an tuarascáil deiridh agus chun torthaí an taighde a chur i gcomparáid le taithí na ngeallsealbhóirí éagsúla, eagrófar plé ar na dréacht-torthaí taighde bunaithe ar fhianaise chás-staidéir le geallsealbhóirí éagsúla (e.g. fostóirí, oibrithe, ceardchumainn, cinnteoirí, acadóirí). Ba cheart plé éagsúil a dhéanamh i mBallstáit éagsúla le fócas téamach éagsúil, ionas go bhféadfar a oiread comhthéacsanna áitiúla/náisiúnta agus is féidir a chumhdach. Is féidir le gnéithe ar leith den ábhar a bheith dírithe ar na himeachtaí ar leith sin i mBallstáit éagsúla, mar shampla an tionchar ar chomhionannas inscne, ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil, ar shláinte oibrithe (meabhairshláinte), ar shaoire bhreoiteachta, ar rátaí éirí as oifig etc.

**CAIBIDIL PP 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PP 07 23 *(Ar lean.)*

PP 07 23 02 *(Ar lean.)*

In 2021, thionscain an Coimisiún agus Uachtaránacht na Portaingéile Ardán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac chun tacú le malartuithe buana idir lucht ceaptha beartas agus gníomhaithe sóisialta chun dea-chleachtas a scaipeadh agus a chur chun cinn, chun feasacht a mhúscailt maidir le deiseanna cistiúcháin an Aontais agus chun an dul chun cinn a rinneadh a phoibliú. Ar an gcaoi chéanna, in 2025 nó 2026, ba cheart go mbeidh sé indéanta, leis an treoirthionscadal sin, machnamh a dhéanamh ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hardán Eorpach a chruthú atá tiomnaithe d'eagraúcháin nua ama oibre arb é is aidhm dóibh an ghluaiseacht i dtreo lánfhostaíochta, an comhrac i gcoinne neamhbhuaine agus rochtain bhuan ar oiliúint agus ar fholláine na n-oibrithe a chothú. Ar na nithe inbhainte amach faoin gcéad chéim den ardán Eorpach féideartha nua d'fhéadfaí 'nóta roghanna' a chruthú lena ndéantar fiosrú ar na cineálacha gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh ardán teoiriciúil a dhéanamh.

Beidh sé sin comhlántach le spriocanna breise a d'fhéadfaí a bhaint amach ag eascairt as na gníomhaíochtaí taighde.

PP 07 23 03 Treoirthionscadal — Tacaíochtaí Spóirt — gníomhaíochtaí éigeandála spóirt don óige

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 2 000 000 | 1 760 000 | 2 000 000 | 500 000 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

Is é is aidhm don treoirthionscadal seo cláir éigeandála spóirt a chruthú i gcomhthéacs géarchéimeanna daonnúla amhail cogadh chun éascú a dhéanamh ar thrámaí a shárú, chun oiriúnú do thimpeallachtaí nua agus chun naisc a chruthú leis na pobail óstála shealadacha.

Trí ghníomhaíochtaí agus idirghabhálacha spóirt, díreoidh an treoirthionscadal seo ar lánpháirtiú pobail leanaí agus daoine óga a spreagadh. Trí fheabhas a chur ar a ndea-bhail mheabhrach trí fhreastal ar sheisiúin spóirt, beidh daoine aonair réidh le dul in oiriúint dá dtimpeallacht nua. Cuideoidh an spórt, a bhfuil sé de chumhacht aige daoine a thabhairt le chéile, leis an idirghníomhaíocht leis an bpobal óstach, le comhtháthú níos éasca sa chóras oideachais nó le dul isteach i margadh an tsaothair.

Chun na torthaí is fearr a bhaint amach, ba cheart na cláir sin a eagrú ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal an phobail, go príomha trí chlubanna spóirt an phobail. Ní mór gníomhaíochtaí, cluichí agus spóirt a dhearadh chun spriocanna sonracha sóisialta agus síceasóisialta a chomhlíonadh. Ní mór dóibh a bheith oiriúnach d'aois, oiriúnach ó thaobh cultúir de agus ní mór breithniú orthu ó thaobh róil na hinscne sa phobal. Trí fhorbairt a dhéanamh ar chumais fhisiceacha atá ag na rannpháirtithe cheana féin, cuideofar leo a bheith ar a gcompord trí spreagadh a thabhairt dóibh scileanna atá ar eolas acu cheana féin a úsáid. Dá bhrí sin, bheadh sé tábhachtach agus riachtanach comhar a bheith idir clubanna spóirt sa phobal agus ionaid a d'fhéadfadh tacaíocht shóisialta, shíceolaíoch nó oideolaíoch a chur ar fáil. Bheadh cónaidhmeanna spóirt i gceist leis an tionscadal seo freisin, go príomha mar éascaitheoirí. Ina theannta sin, is é cuspóir an togra seo clubanna spóirt eile a spreagadh chun cláir thacaíochta a bhunú trí thaithí agus dea-chleachtais a fhoilsiú agus a chur chun cinn.

COIMISIÚN
*TREOIRTHIONSCADAIL*

**CAIBIDIL PP 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PP 07 23 *(Ar lean.)*

PP 07 23 03 *(Ar lean.)*

Is é an príomhghrúpa a ndíreofar orthu leanaí agus daoine óga a bhuailtear ag géarchéimeanna daonnúla agus ag próisis ollimirce i gcomhthéacs cogaidh. Ghinfeadh an treoirthionscadal seo cuimsiú sa spás poiblí agus chuirfeadh sé malartú cultúr agus traidisiún grúpaí eitneacha éagsúla chun cinn.

PP 07 23 04 Treoirthionscadal — An tAontas Eorpach — mol shaoirse na meán

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 2 940 000 | 2 235 000 | 3 000 000 | 750 000 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

Mar gheall ar chogadh gan chúis agus gan údar na Rúise san Úcráin, an deireadh a cuireadh ansin leis na meáin neamhspleácha laistigh den Rúis, agus an staid gheopholaitiúil níos leithne inár mbord, lena n-áirítear díchóimeáil iomlán na meán neamhspleách sa Bhealarúis le blianta beaga anuas, tá deis ag an Aontas Eorpach agus tá freagracht ar leith air maidir le ceannaireacht a ghlacadh chun iolrachas agus neamhspleáchas na meán a chosaint sa chomhthéacs réigiúnach i gcoitinne.

D’ainneoin na ndúshlán seachtrach agus inmheánach i réimse shaoirse an phreasa, is é an tAontas Eorpach an áit is sábháilte ar domhan do na meáin agus d’iriseoirí chun a gcuid oibre a dhéanamh. Ós rud é go bhfuil an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh ar cheann de luachanna bunúsacha an Aontais, tá an deis ag an Aontas a bheith ina mhol mór dóibh siúd a dhéanann iarracht an tsaoirse tuairimí chun a nochtadh agus an daonlathais a bhaint amach.

Tá iriseoirí neamhspleácha agus seomraí nuachta eagarthóireachta iomlána ón Rúis agus ón mBealarúis tar éis teitheadh cheana féin nó tá siad á n-athlonnú féin i dtíortha an Aontais Eorpaigh. Tá siad ag súil go leanfaidh siad dá gcuid oibre sa chomhrac ar son an daonlathais ina dtíortha dúchais, ach ó limistéar sábháilte laistigh den Aontas, áit nach bhfuil siad i mbaol cos ar bolg bhrúidiúil, bearta díoltais agus príosúnachta atá ar tí a ndéanta mar gheall ar an fhírinne a insint. Ag an am céanna, ní mór dúinn tacú le meáin na hÚcráine agus lena bhfoireann atá tagtha chun an Aontais Eorpaigh mar aon le líon méadaitheach na ndídeanaithe atá ag teitheadh ón gcogaidh san Úcráin.

Tá easpa acmhainní ag na heagraíochtaí meán seo anois díreach chun leanúint dá ngníomhaíochtaí, ach freisin tá dúshláin rompu a bhaineann le samhlacha gnó inmharthana a bhunú i bhfianaise dúnadh agus srianta méadaitheacha i spás faisnéise agus fisiceach na Rúise-na Bealarúise, chomh maith le meath ginearálta ar chumhacht ceannaigh daoine mar thoradh ar an gcogadh. Murab ionann agus réitigh éigeandála, i gcás ina bhfuil ról mór ag comhpháirtithe atá ar aon intinn leo i réiteach géarfhadhbanna airgeadais agus acmhainní a bhaineann le meáin a bheidh a athlonnú san Aontas i gceann cúpla mí, is é is aidhm don treoirthionscadal seo sásra tacaíochta intuartha a chur ar fáil lena gcuirfear tacaíocht lárnach, deiseanna nuálaíochta agus forbartha ar fáil san fhadtéarma.

COIMISIÚN
*TREOIRTHIONSCADAIL*

**CAIBIDIL PP 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PP 07 23 *(Ar lean.)*

PP 07 23 04 *(Ar lean.)*

Is é cuspóir an treoirthionscadail caomhnú thimpeallacht iolraíoch meán na dtíortha atá buailte a chur chun cinn, agus é sin a dhéanamh freisin nuair atá iriseoirí agus na meáin ag obair ó áit deoraíochta. Is é an aidhm níos leithne ná áit níos sábháilte a dhéanamh den Eoraip trí chabhrú le pobail na dtíortha sin ina mianta daonlathacha, rud a bhfuil ról fíor-riachtanach ag na meáin neamhspleácha ina leith.

Is é is aidhm don treoirthionscadal riachtanais bheachta tacaíochta a fhiosrú agus ina dhiaidh sin tacaíocht iomchuí a chur ar fáil do na meáin neamhspleácha agus d'iriseoirí neamhspleácha ón Úcráin, ón Rúis agus ón mBealarúis a d'athlonnaigh agus atá ag obair ó na Ballstáit ar na bealaí seo a leanas:

— taighde agus mapáil a dhéanamh ar riachtanais agus ar dhúshláin na seomraí nuachta neamhspleácha agus ar dhúshláin na n-iriseoirí gairmiúla a d'athlonnaigh a gcuid oibríochtaí;

— líonraí tacaíochta a bhunú i roinnt Ballstát, chun tacaíocht shaincheaptha agus choigeartaithe a chur ar fáil do na seomraí nuachta agus d'iriseoirí ar deoraíocht. Ar an iomlán, dhíreodh an tacaíocht ar chuidiú le samhlacha gnó inmharthana agus réitigh nuálacha theicniúla agus inneachair a thabhairt isteach chun dul lucht féachana a shroicheadh (lena n-áirítear iad siúd a bhfuil rochtain theoranta acu ar an idirlíon agus ar acmhainní eile), chomh maith le sineirgí a lorg agus comhroinnt an dea-chleachtais agus an líonraithe a chur chun cinn (go háirithe i measc na meán ar deoraíocht) agus neamhspleáchas na meán á áirithiú agus iolrachas á chothú ag an am céanna.

PP 07 23 05 Treoirthionscadal — Staidéar Indéantachta maidir le hathúsáid shóisialta na sócmhainní a calcadh agus a coigistíodh mar thoradh ar smachtbhannaí AE a glacadh tar éis fhogha míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| p.m. | 375 000 | 500 000 | 125 000 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

Leis an staidéar indéantachta seo, réitítear an bealach chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil smachtbhannaí airgeadais an Aontais arna nglacadh in aghaidh daoine agus eintitis atá nasctha leis an gCreimil. Cuirfear anailís dhlíthiúil ar fáil sa staidéar ar chreataí reachtacha náisiúnta agus ar chreataí reachtacha an Aontais chun scrúdú a dhéanamh ar a mhéid atá reachtaíocht an Aontais agus na mBallstát comhleanúnach agus oiriúnach chun an timthriall beartais d'aisghabháil sócmhainní a bhaineann le smachtbhannaí a chur chun feidhme. Cumhdófar sa staidéar gnéithe amhail smachtbhannaí a ghlacadh, sócmhainní a chalcadh, sócmhainní a choigistiú, na sócmhainní a coigistíodh a thabhairt isteach sa gheilleagar náisiúnta le haghaidh úsáid shóisialta, agus isteach i mbuiséad an Aontais le haghaidh caiteachas poiblí san Úcráin. I gcomhthéacs an taighde seo, ciallaíonn sócmhainní aon úinéireacht airgid ag olagarcaí agus scothaicme gnó ceadaithe de chuid na Rúise, amhail cuntais bhainc, criptea-airgeadraí, réadmhaoin, só-mhaoin lena n-áirítear luaimh, saothair ealaíne, diamaint, ór. Breathnóidh an staidéar freisin ar shócmhainní ceannasacha na Rúise. Is éard atá i gceist le 'úsáid shóisialta' maoiniú ó na Ballstáit do gach gníomhaíocht a bhaineann le cosaint na ndídeanaithe Úcránacha atá á n-óstáil acu, amhail nósanna imeachta riaracháin, tithíocht shóisialta, iompar, scolaíocht, árachas leighis, chomh maith le haon athúsáid fhéideartha chun cabhair dhaonnúil agus forbartha an Aontais a mhaoiniú san Úcráin nó, ar bhonn níos ginearálta, chun atógáil agus athfhoirgniú na hÚcráine a mhaoiniú.

**CAIBIDIL PP 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PP 07 23 *(Ar lean.)*

PP 07 23 05 *(Ar lean.)*

Déanfar anailís sa staidéar ar dhearadh agus raon feidhme gníomhaíochta uile-Aontais den sórt sin, agus ar na dúshláin a bhaineann le gníomhaíocht den sórt sin, arb é is aidhm di sócmhainní coigistithe a thabhairt isteach an athuair in úsáid an phobail. Chun na críche sin, molfaidh sé bealaí dlíthiúla chun an nasc a bhunú idir an mhaoin atá faoi úinéireacht daoine aonair agus eintiteas atá faoi smachtbhannaí ar thaobh amháin agus an choir a rinne siad ar an taobh eile. Beidh an caidreamh a bhunaítear idir an choir agus an mhaoin a chuirtear i margadh inmheánach an Aontais ina bhunús dlí do shásra reachtach nua, bunaithe ar thorthaí an staidéir.

Beidh torthaí an staidéir mar bhonn eolais don reachtóireacht náisiúnta agus d’fhéadfadh siad, ina dhiaidh sin, leas a bhaint as tionscnamh beartais de chuid an Aontais amach anseo. Is féidir nasc den sórt sin idir an tsócmhainn a fuarthas go neamhdhleathach agus coir ionsaí na Rúise ar an Úcráin a úsáid freisin mar bhonn do chur chun feidhme smachtbhannaí eile a glacadh i ndáil le daoine aonair agus eintitis eile tríú tíortha.

Le haisghabháil agus athúsáid na sócmhainní a calcadh mar thoradh ar smachtbhannaí an Aontais a glacadh tar éis fhogha míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine, freastalófar ar spriocanna agus cuspóirí iomadúla an Aontais. Ar an gcéad dul síos, beifear in ann córais smachtbhannaí an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtúil, rud a rachaidh thar ghlacadh siombalach. Ar an dara dul síos, cuirfidh sé borradh faoi acmhainní poiblí na mBallstát a bhfuil pobail mhóra dídeanaithe ón Úcráin á n-óstáil acu. Ar an tríú dul síos, d’fhéadfadh sé a cheadú go ndíreofaí cuid de na sócmhainní aisghafa isteach i mbuiséad an Aontais chun athfhoirgniú na hÚcráine a mhaoiniú, sócmhainní a fhónfaidh *de facto* mar acmhainn le haghaidh an Chiste um Atógáil na hÚcráine. Is féidir a áireamh ar an gCiste sin freisin, cé is moite de shócmhainní aisghafa, acmhainní buiséadacha an Aontais, cúiteamh na Rúise agus tabhartais éagsúla. Ar an gceathrú dul síos, laghdóidh sé an t-ualach a bhaineann le maoiniú a dhéanamh ar an gcaiteachas a eascraíonn as ionsaí na Rúise ar an Úcráin, an t-ualach atá ar an Aontas agus ar na Ballstáit faoi láthair. Ar an gcúigiú dul síos, cuirfidh sé sin feabhas ar acmhainneacht gheopholaitiúil smachtbhannaí an Aontais agus feidhmeoidh sé mar bheart athchomhairleach d’úinéirí sócmhainní tríú tír eile, nach bhfuil ar an liosta smachtbhannaí, ach a d’fhéadfadh a bheith faoi réir smachtbhannaí i gcás ina mbeidís páirteach i ngníomhaíochtaí lena sáraítear prionsabail chearta an duine agus an daonlathais.

Mar thoradh air sin, léireofar sa staidéar sin conairí dlíthiúla laistigh de chreat dlíthiúil an Aontais atá ann cheana maidir le haisghabháil éifeachtach sócmhainní i líon sonraithe cásanna, amhail ionsaí míleata gan chúis. I ndeireadh na dála, rannchuideoidh na gníomhaíochtaí beartais atá bunaithe ar an staidéar sin le luachanna an Aontais a neartú, rud lena dtreiseofar an smacht reachta agus lena gcuirfear deireadh leis an tsaoirse ó phionós.

***PP 07 24 2024***

PP 07 24 01 Treoirthionscadal — Modhanna teicniúla chun faisnéis iontaofa a sholáthar do theaghlaigh Rúiseacha

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 2 600 000 | 650 000 | | |

COIMISIÚN
*TREOIRTHIONSCADAIL*

**CAIBIDIL PP 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PP 07 24 *(Ar lean.)*

PP 07 24 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

I bhfianaise ionradh brúidiúil Putin ar an Úcráin, an iliomad coireanna cogaidh agus na n-ionsaithe marfacha ar ospidéil na hÚcráine, ar bhardaí máithreachais, ar shaoráidí núicléacha, ar mhná agus ar leanaí, is léir do go leor daoine: dá bhféadfadh muintir na Rúise an fhírinne a fheiceáil faoi cad atá ag tarlú, seans go mbeadh an scéal éagsúil.

Tá athléimneacht mhór léirithe ag meáin neamhspleácha na Rúise ó d'athlonnaigh siad san Aontas agus i dtíortha comharsanachta. Léiríonn na figiúirí a gcumas teacht ar lucht éisteachtach go leanúnach. Is féidir le tarchuir Idirlín, ar uaireabh, briseadh trí bhalla dóiteáin na Creimile, ach is féidir iad a bhlocáil go héasca freisin, mar is amhlaidh de ghnáth nuair thosaíonn ag éirí go maith leo. Ó thús an chogaidh, tá Roskomnadzor, eagraíocht mhaoirseachta chumarsáide na Rúise, agus é tar éis níos mó ná 138 000 láithreán gréasáin a bhlocáil nó a scriosadh, lena n-áirítear Seirbhís Dhomhanda BBC. Úsáidtear YouTube agus Telegram go forleathan anois chun nuacht eile a chur ar fáil sa Rúis, ach is féidir leis an rialtas na bealaí seo a bhlocáil go héasca. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach foirmeacha malartacha cumarsáide a bheith ann lasmuigh de roghanna atá bunaithe ar an idirlíon.

Is í an teilifís an modh is éifeachtaí de bholscaireacht na Rúise. Cuireann go leor de na craoltaí smaointe coiriúla chun cinn amhail cinedhíothú mhuintir na hÚcráine, feallmharú pholaiteoirí an Iarthair, normalú an chogaidh núicléach, dúnmharú leanaí na hÚcráine, agus tuilleadh nach iad. Léiríonn pobalbhreitheanna gur fearr le 69 % de na Rúisigh a gcuid nuachta a fháil trí chainéil chraolta thraidisiúnta, agus claonadh chun féachaint ar an teilifís i gcónaí. Níl aon ardán craolacháin fiúntach ann faoi láthair chun guthanna iolraíocha a chloisteáil sa Rúis. Úsáideann 41 % de theaghlaigh Rúiseacha satailít mar an príomhchineál glactha teilifíse atá acu. Meastar go méadóidh an líon sin go 48 % faoi 2025 (Omdia 2021).

Is é dáileadh teilifíse satailíte an pointe lag i ngaibhniú meán na Creimile, agus níor baineadh leas éifeachtach as go fóill le haghaidh teachtaireachtaí malartacha. Mar is léir ó thaighde a rinne Coiste Denis Diderot, tá go leor satailítí os cionn na Rúise faoi úinéireacht chuideachtaí an Iarthair, lena n-áirítear cuid de na suíomhanna satailíte is mó a bhfuil tóir orthu. Chruthaigh an inniúlcht sin lucht féachana faoi chuing le haghaidh na dtarchur físe leis na paraiméadair theicniúla iomchuí agus is féidir é a úsáid chun teachtaireachtaí malartacha agus meáin freasúra a thabhairt do dhaonra na Rúise.

Is é is aidhm don treoirthionscadal seo rochtain a chur ar fáil ar ardán teicniúil, teilifís nach bhfuil ar fáil faoi láthair, arb é an bealach is fearr le Rúisigh féachaint ar chláir nuachta. Is féidir é seo a dhéanamh ar dhá bhealach.

(i)ábhar iriseoireachta neamhspleách a thabhairt isteach i bhformáid an chainéil teilifíse thraidisiúnta.

(ii)craoladh satailíte de suas le 25 chainéal nua agus reatha (raidió agus teilifís) a chur ar fáil i margadh na Rúise

Ghlac Tuairisceoirí gan Teorainneacha agus a pháirtí Coiste Denis Diderot páirt i staidéar féidearthachta fairsing, rud a d'fhág gur deimhníodh go bhféadfaí ábhar den sórt sin a scaipeadh ar theaghlaigh Rúiseacha ar bhonn teicniúil. Tá an-spéis ann ó ardáin iriseoireachta neamhspleácha Rúiseacha lena n-áirítear Meduza, Echo Moscó agus Holod Media chun a n-ábhar a thabhairt chuig na Rúisigh. Thairis sin, dhearbhaigh an craoltóir náisiúnta Gearmánach Deutsche Welle gur spéis leo cainéal teilifíse a chruthú ina n-úsáidtear ábhar Rúisise go sonrach. Beidh bealaí eile ann ina dhiaidh sin. Tá sé curtha in iúl ag cuideachtaí satailíte go bhfuil spéis acu i dtionscadal craoltóireachta agus tá siad réidh le hacmhainneacht a chur ar fáil.

COIMISIÚN
*TREOIRTHIONSCADAIL*

**CAIBIDIL PP 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PP 07 24 *(Ar lean.)*

PP 07 24 01 *(Ar lean.)*

Cabhróidh an treoirthionscadal seo lena áirithiú go mbeidh na modhanna teicniúla ag na hiriseoirí neamhspleácha sin atá ag obair ar deoraíocht chun a gcuid oibre a thabhairt chuig lucht féachana na Rúise trí theilifís satailíte. Cruthóidh sé na modhanna teicniúla is féidir leis na hiriseoirí sin a úsáid chun a n-ábhar a chraoladh go héifeachtach sa Rúis. Le cabhair ón treoirthionscadal seo, déanfar an t-ábhar a chruthaigh iriseoirí neamhspleácha a athphacáistiú agus a sheachadadh chuig muintir na Rúise, daoine a bhfuil easpa rochtana iomlán acu ar fhaisnéis iolraíoch. Níl sé d'aidhm ag an treoirthionscadal seo aon ábhar a chruthú ná tacaíocht airgeadais a thabhairt d'iriseoirí.

Tá acmhainneacht mhór ann oibriú i gcomhar leis an treoirthionscadal atá ar siúl cheana féin PP 07 23 04 'An tAontas Eorpach — mol shaoirse na meán' lena ndírítear ar acmhainneachtaí airgeadais agus bainistíochta na meán neamhspleách Rúiseach a neartú. Tá an treoirthionscadail seo comhlántach toisc go ndíríonn sé ar acmhainneachtaí teicniúla a chumasú chun ní hamháin an t-ábhar a tháirgtear trí mhoil na meán a scaipeadh, ach ar mhaithe le hanailís idirnáisiúnta nuachta sa Rúis freisin.

Tá an Rúis tar éis a gaireas dáileacháin teilifíse a úsáid mar arm agus tá an tIarthar tar éis staonadh den chuid is mó ó iarrachtaí suntasacha chun rochtain ar fhaisnéis saor in aisce a thabhairt chuig Cónaidhm na Rúise. Is féidir leis an tionscadal dóchas agus fírinne a chur ar fáil do na milliúin daoine Rúise.

**CAIBIDIL PP 08 — TALMHAÍOCHT AGUS BEARTAS MUIRÍ**

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go maoineofar cur chun feidhme treoirthionscadal, ar treoirthionscadail de chineál turgnamhach iad, arna gceapadh chun tástáil a dhéanamh ar a indéanta agus ar a úsáidí atá gníomhaíochtaí. Comhfhreagraíonn a n-iomlán leis an leibhéal leithreasuithe a léirítear faoi Airteagal 08 20 01.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**CAIBIDIL PP 08 — TALMHAÍOCHT AGUS BEARTAS MUIRÍ** *(Ar lean.)*

### *PP 08 18 2018*

PP 08 18 01 Treoirthionscadal — Tuiscint ar na hAigéin do Chách

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 506 748,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

### *PP 08 19 2019*

PP 08 19 01 Treoirthionscadal — Bosca uirlisí d'fheirmeoirí maidir le cleachtais bainistíochta comhtháite lotnaidí ar fud an Aontais

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 458 750 | p.m. | 917 500 | 0,— | 1 662 823,75 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

PP 08 19 02 Treoirthionscadal — Clár oibríochtúil a bhunú: na hearnálacha talmhaíochta/bia a struchtúrú chun feirmeacha teaghlaigh a fhágtar le hoidhreacht agus inbhuanaitheacht na talmhaíochta áitiúla a chosaint

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 845 000 | 0,— | 422 500,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

COIMISIÚN
*TREOIRTHIONSCADAIL*

**CAIBIDIL PP 08 — TALMHAÍOCHT AGUS BEARTAS MUIRÍ** *(Ar lean.)*

***PP 08 22 2022***

PP 08 22 01 Treoirthionscadal — Leabharlann oscailte a thógáil ina bhfuil catalóg choimeádta agus dhigiteach atá ag fás go leanúnach de shínithe fuaime aonair ón bhfuaimdhreach mara faoi uisce i bhfarraigí éadoimhne

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 745 250 | p.m. | 558 938 | 1 490 500,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

***PP 08 23 2023***

PP 08 23 01 Treoirthionscadal — Feabhas a chur ar áit na dtáirgí orgánacha sa lónadóireacht choiteann

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| p.m. | 750 000 | 1 500 000 | 375 000 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

Tá saincheisteanna bia i gcroílár an aistrithe chuig Aontas níos inbhuanaithe. Faoi scáth an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, cuirtear i bhfios go láidir sa straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' nach ndéanfar an t-aistriú chuig córas bia sláintiúil, inbhuanaithe agus athléimneach mura ndéanfar athrú ar aistí bia na saoránach, ar saoránaigh iad atá ag éirí níos buartha faoi shaincheisteanna comhshaoil, sláintíochta, sóisialta agus eiticiúla agus faoi luach a gcuid bia. Sa chomhthéacs sin, is uirlis thábhachtach é bia orgánach a chur chun cinn. Ar an leibhéal náisiúnta, tá spriocanna leagtha síos ag roinnt Ballstát maidir leis an gcéatadán de tháirgí orgánacha i gceaintíní, agus é mar aidhm leo geallsealbhóirí áitiúla a spreagadh chun gníomhú.

Mar thoradh ar na tionscnaimh sin, déantar athrú ó bhonn ar chleachtais i gceaintíní poiblí, go háirithe ar an leibhéal áitiúil, agus is minic a bhíonn impleachtaí dearfacha acu do na críocha. Is príomhthréith díobh, áfach, éagothromaíochtaí móra idir na Ballstáit i ngeall ar dhifríochtaí i bhfeidhmiú struchtúr, i ndáileadh inniúlachtaí, agus i leibhéil éagsúla uaillmhéine na dturgnamh a dhéantar.

PP 08 23 *(Ar lean.)*

PP 08 23 01 *(Ar lean.)*

Go dtí seo, níl aon sonraí ann a chuirfeadh ar ár gcumas na haistrithe sin a thomhas i réimse na lónadóireachta coitinne, cé go mbeadh an fhaisnéis sin úsáideach chun teanga choiteann a fhorbairt agus chun dea-chleachtais a mhalartú idir gníomhaithe críochacha Eorpacha maidir leis na saincheisteanna sin. Leis sin, ní hé hamháin go bhféadfaí bacainní reatha a shainaithint ach d'fhéadfaí na luamháin, na huirlisí agus na bóithre a d'fhéadfadh a bheith ann i dtreo aistriú bia rathúil a shainaithint freisin.

Chuige sin, moltar sa treoirthionscadal uirlis phraiticiúil atá bunaithe ar thrí ais:

(1) Faireachlann Eorpach a bhunú, chomh éadrom agus is féidir chun cleachtais agus tionscadail atá ag teacht chun cinn i réimse na lónadóireachta coitinne a bhailiú go tapa ar fud an Aontais. Ba cheart go sainaithneofaí baic leis an mbailiú sin agus go n-éascódh sé tuiscint na n-athruithe atá ar siúl sna críocha inar roghnaíodh táirgí orgánacha a chomhtháthú ina gceaintíní. Ba cheart go bhféadfaí na nithe seo a leanas a dhéanamh leis:

— meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar atá ag an reachtaíocht maidir le Soláthar Poiblí Glas ar earnáil na feirmeoireachta orgánaí agus an bhia orgánaigh.

— staidéar a dhéanamh ar chleachtais agus ar chur chuige na n-údarás áitiúil d'fhonn saintréithe na n-aistrithe a shonrú, nuálaíochtaí a shainaithint (lena n-áirítear nuálaíochtaí oideachais, go háirithe i scoileanna) agus saincheisteanna atá ag teacht chun cinn.

— faisnéis luachmhar a chur ar fáil maidir le cur chuige airgeadais ag an bpobal áitiúil agus ag an údarás áitiúil maidir le bia orgánach a thabhairt isteach i gceaintíní (go háirithe an chaoi a gcomhtháthaíonn siad agus a laghdaíonn siad costais).

— cláir oideachais maidir le bia orgánach a fheabhsú i scoileanna trína gcuid faisnéise agus oideachais a threisiú maidir le dea-chothú

— meastóireacht a dhéanamh ar an nasc idir laghdú ar chur amú bia agus tabhairt isteach bia orgánaigh i gceaintíní poiblí

— saincheisteanna agus deiseanna a leanúint maidir le cáilíocht chothaitheach béilí nó béilí orgánacha ina bhfuil comhábhair orgánacha

— rannpháirtíocht na ngníomhaithe áitiúla in eagrú na lónadóireachta coitinne a thomhas, lena n-áirítear feirmeoirí;

(2) 'Club Eorpach na gCríoch' a chruthú chun spás a chur ar fáil d'oifigigh thofa agus do gheallsealbhóirí áitiúla malartú agus comhroinnt a dhéanamh maidir le bia orgánach a thabhairt isteach i gceaintíní;

(3) treoir phraiticiúil a chruthú d'oifigigh thofa agus do gheallsealbhóirí áitiúla maidir leis an mbealach is fearr chun bia orgánach a thabhairt isteach i gceaintíní, chun na cleachtais i gceaintíní a athrú i dtreo na hinbhuanaitheachta agus chun cumas gníomhaíochta maidir leis an gcóras bia a thabhairt ar ais do gheallsealbhóirí áitiúla.

COIMISIÚN
*TREOIRTHIONSCADAIL*

**CAIBIDIL PP 08 — TALMHAÍOCHT AGUS BEARTAS MUIRÍ** *(Ar lean.)*

***PP 08 24 2024***

PP 08 24 01 Treoirthionscadal — Struchtúir agus eagraíochtaí feirme Treochtaí, sainmhíniú agus cosaint shamhail talmhaíochta an Aontais

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 750 000 | 187 500 | | |

*Barúlacha*

Is féidir an laghdú ar líon na bhfeirmeacha a thabhairt faoi deara go háirithe i gcás feirmeacha beaga (faoi bhun 2 ha). Ag an am céanna, tháinig méadú ar líon na bhfeirmeacha móra (100 ha nó níos mó), cé go bhfuil an dearbhlíon fós teoranta. Ardaíonn athruithe struchtúracha agus eagraíochtúla roinnt ceisteanna faoi cheapadh agus faoi chur chun feidhme an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) ar gá staidéar a dhéanamh orthu i gcomhthéacs CBT tar éis 2027:

— Cad iad na treochtaí a fheictear sna Ballstáit éagsúla agus in earnálacha éagsúla i dtéarmaí struchtúir feirmeacha, lena n-áirítear feirmeacha tuathánacha, cineál fostaíochta talmhaíochta, eagraíochtaí feirmeacha agus aois, inscne agus oideachas á gcur san áireamh, leibhéal an chaipitlithe ar na feirmeacha, go háirithe maidir le meicniú, digitiú agus na foirmeacha dlíthiúla atá ar fáil sna Ballstáit?

— Cén tionchar a bhí ag CBT, trína uirlisí agus bearta éagsúla, ar fhorbairt struchtúr agus eagraíochtaí talmhaíochta san Eoraip?

— Conas is féidir bealaí nua chun obair a eagrú agus caipiteal a dháileadh chun an dúshlán a bhaineann le glúnta feirmeoirí a athnuachan a bhaint amach (nó nach n-éiríonn leo freastal orthu)?

— An t-oiriúnú/an teorannú ar na huirlisí atá ann cheana nó na huirlisí agus na bearta nua is gá a chur i bhfeidhm chun tacú leis na bealaí a shainaithneofar le cuspóirí eacnamaíocha feirme na Comhairle, le hathnuachan glúnta agus le cosaint shamhail feirmeoireachta teaghlaigh agus feirmeoireacht ar mhionscála ('tuathánaigh')?

Tá sé d'aidhm ag an gclár píolótach seo an machnamh foriomlán ar CBT a chur san áireamh, i gcomhthéacs a chur chun feidhme reatha agus i bhfianaise a athbhreithnithe tar éis 2027. Ceapfar an tionscnamh seo sa chaoi is go mairfidh sé ar feadh 2 bhliain ar a laghad (2024 agus 2025).

PP 08 24 02 Treoirthionscadal — An t-aistriú fuinnimh in earnáil na n-iascach a chothú

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 2 200 000 | 550 000 | | |

**CAIBIDIL PP 08 — TALMHAÍOCHT AGUS BEARTAS MUIRÍ** *(Ar lean.)*

PP 08 24 *(Ar lean.)*

PP 08 24 02 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Comhthéacs

Is é is aidhm d'Fhaireachlann Bhlocshlabhra agus Fóram Blocshlabhra an Aontais Eorpaigh ná geallsealbhóirí blocshlabhra a spreagadh ina mbeidh cuideachtaí príobháideacha, comhlachtaí poiblí, an lucht acadúil, an tsochaí shibhialta agus daoine aonair rannpháirteach i bplé teicniúil agus beartais faoin bhforbairt a dhéanfar ar bhlocshlabhra sa todhchaí. Is bonn eolais iontaofa é freisin faoi éiceachóras blocshlabhra an Aontais lena n-áirítear (i) foilsiú anailís mhion agus dhomhain ar shaincheisteanna téamacha, ar threochtaí teicneolaíocha agus beartais; (ii) tionscadail bhlocshlabhra a mhapáil ar fud an Aontais agus ar fud an domhain; agus (iii) ceardlanna faoi ábhair ina mbeadh gá le gníomhú ar leibhéal an Aontais nó ina mbeadh tionchar acu ina leith.

Is féidir le Blocshlabhra agus Teicneolaíochtaí Mórleabhar Dáilte (DLTanna) mar 'theicneolaíocht iontaobhais' freagairtí a thabhairt ar dhúshláin éagsúla a shainaithnítear le linn comhtháthú seirbhísí digiteacha éagsúla, an chibearshlándáil agus an tslándáil shóisialta a dhaingniú, agus éifeachtúlacht an gheilleagair agus na sochaí a fheabhsú, ó chéannacht agus malartú doiciméad a bhainistiú go conarthaí féin-fhorghníomhaithe, sreabha faisnéise a phróiseáil agus cothabháil stórtha agus clárlanna a áirithiú. Is maith atá an Eoraip in ann a bheith chun tosaigh leis an bhforbairt ar sheirbhísí agus feidhmeanna nua iontaofa poiblí, tráchtála agus tionsclaíocha atá bunaithe ar bhlocshlabhra agus ar DLTanna. Tá lucht léinn, fiontraithe nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí móra san Eoraip ar mian leo teicneolaíochtaí den sórt sin a úsáid ina n-earnálacha.

Cé go nglactar le blocshlabhra agus le DLTanna i réimsí éagsúla níos minice anois, tá sé tugtha chun suntais ar bhonn méadaitheach go bhfuil bac á chur ar uas-scálú fónta agus sláintiúil na teicneolaíochta i ngeall ar fhaisnéis agus eolas ilroinnte mar aon leis an deighilt atá idir ceapadh beartas agus saineolas maidir leis an teicneolaíocht. Ar mhaithe leis na buntáistí a ghabhann leis an teicneolaíocht a scaoileadh, tá gá le cur chuige comhleanúnach agus cothrom chun an t-éiceachóras blocshlabhra a mhéadú ar fud na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí trí dheireadh a chur leis an éagothromaíocht atá idir an fhaisnéis agus an t-eolas, lena ndéanfar na tionscadail atá san Eoraip cheana a nascadh, agus lena ndéanfar na geallsealbhóirí a shlógadh.

Tá pobal cruthaithe ag Faireachlann an Aontais um Bhlocshlabhra agus ag an bhFóram ag a bhfuil creidiúnacht láidir maidir lena himeachtaí agus lena tuarascálacha téamacha agus atá anois ina gníomhaí aitheanta san Eoraip agus ar an ardán idirnáisiúnta óna seoladh i mí Feabhra 2018 faoin treoirthionscadal a bhí ann roimhe sin (2017/2018).

BEARTA ULLMHÚCHÁIN

**CAIBIDIL PA 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** *(Ar lean.)*

***PA 01 23 2023***

PA 01 23 01 Beart Ullmhúcháin — Stóras Táirgeoirí Fuinnimh is Tomhaltóirí Fuinnimh- Faireachán ar fhorbairt beart táirgeoirí is tomhaltóirí ar fud an Aontais

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 2 500 000 | 3 125 000 | 5 000 000 | 1 250 000 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

Tá na forálacha maidir le cumhachtú tomhaltóirí i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82) agus i dTreoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125) ar na forálacha is nuálaí sa phacáiste 'Fuinneamh Glan' (CEP). Cuireann siad d'oibleagáid ar na Ballstáit freagairt ar an éileamh a chumasú trí chonarthaí praghsála comhiomlánaithe nó dinimiciúla, margaí solúbthachta áitiúla a chruthú, chomh maith le creataí cumasúcháin a ghlacadh le haghaidh féintomhaltóirí nó custaiméirí gníomhacha (ag gníomhú go comhpháirteach) agus le haghaidh pobail fuinnimh inathnuaite agus pobail fuinnimh saoránach. Leis na forálacha sin, féachtar le tomhaltóirí a chumhachtú le bheith gníomhach ar an leibhéal áitiúil ar na margaí fuinnimh ábhartha trína chur ar a gcumas dul i mbun sraith gníomhaíochtaí nuálacha amhail féintomhaltas (comhchoiteann), stóráil, comhroinnt fuinnimh, malartú idir piaraí agus soláthar seirbhísí solúbthachta. Cuireann gníomhaíochtaí den sórt sin bonn eolais faoi shamhlacha nua gnó agus d'fhéadfadh siad dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh inathnuaite ar bhealach costéifeachtach agus éifeachtúil, agus rochtain shlán ar fhuinneamh inacmhainne ar an leibhéal áitiúil á háirithiú ag an am céanna, ar choinníoll go gcumasaítear iad ar bhealach a seachnóidh tomhaltóirí a bheith á nglasáil i bhféintomhaltais aonair mar gheall ar easpa sraith roghanna níos leithne, amhail dreasachtaí intuigthe (comharthaíocht praghsanna trí tharaifí eangaí atá difreáilte ó thaobh ama de agus conarthaí dinimiciúla praghsála) nó dreasachtaí follasacha (margaí solúbthachta bunaithe ar thairiscintí), a chuireann ar a gcumas idirghníomhú leis an gcóras áitiúil agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme. Ag an am céanna, tugann cineál díláraithe na suiteálacha fuinnimh in-athnuaite deis chun córas fuinnimh na hEorpa a dhaonlathú trína chur ar a gcumas do shaoránaigh an Aontais a bheith gníomhach agus úinéireacht a ghlacadh ar an aistriú fuinnimh.

Tá roinnt mhaith Ballstát fós ag titim chun deiridh ar thrasuí iomlán na bhforálacha thuasluaite, rud a bhfuil iarmhairtí diúltacha aige ó thaobh chur i bhfeidhm neamhleanúnach dhlí an Aontais agus ó thaobh rochtain a thabhairt ar na cearta céanna tomhaltóirí ar fud an Aontais. Ag an am céanna, i roinnt Ballstát, tá tús curtha le forbairt scéimeanna nua d'fhéintomhaltas aonair nó comhchoiteann thar leibhéal na bhfoirgneamh agus an phobail agus níl siad cumhdaithe le CEP faoi láthair. D'fhéadfadh na cineálacha eile tionscnamh gníomhaíochta comhchoitinne sin cabhrú le bochtaineacht fuinnimh a mhaolú, níos mó roghanna a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais chun gníomhaíocht fuinnimh a dhéanamh, agus infheistíochtaí méadaithe a dhéanamh san fhuinneamh in-athnuaite, chomh maith le cuidiú leis an tsolúbthacht is gá a thabhairt chun freastal ar aistriú costéifeachtach chuig níos mó leictrithe agus chuig córas fuinnimh atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite.

**CAIBIDIL PA 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** *(Ar lean.)*

PA 01 23 *(Ar lean.)*

PA 01 23 01 *(Ar lean.)*

Mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin agus ar an ngá méadaithe atá ann dá thoradh sin neamhspleáchas fuinnimh an Aontais a áirithiú chomh maith leis an teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2022 dar teideal 'Plean *REPowerEU*' lena ngabhann rolladh amach luathaithe de chaidéil ghréine agus teasa, agus an iarraidh ar fheabhas a chur ar an bhfreagairt ar an éileamh agus ar an tsolúbthacht, is tábhachtaí anois ná riamh go dtrasuífí na forálacha sin agus go dtabharfaí tacaíocht do shamhlacha gnó nua agus do shamhlacha gnó atá ag teacht chun cinn chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht solúbthachta an táirgthe fuinnimh inathnuaite áitiúil, le dlúth-rannpháirtíocht na saoránach. Le cogadh na hÚcráine, tá béim leagtha freisin ar an ngá atá le hathléimneacht chríochach na bpobal Eorpach, agus spreagadh a thabhairt do roinnt bardas agus réigiún chun acmhainní áitiúla a fhorbairt, i lámha a gcónaitheoirí.

Ba cheart don Stóras Táirgeoirí Fuinnimh is Tomhaltóirí Fuinnimh na bunfheidhmeanna seo a leanas a chomhlíonadh:

— faireachán agus mapáil a dhéanamh ar scéimeanna aonair agus scéimeanna comhchoiteanna do tháirgeoirí is tomhaltóirí, agus aird ar leith á tabhairt ar leibhéil rannpháirtíochta na saoránach, agus ar chreataí cumasúcháin le haghaidh féintomhaltais ([1]) agus freagairt intuigthe agus shainráite ar thaobh an éilimh san Aontas;

— sonraí ar chothrom iomaíochta a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu maidir le rannpháirtíocht saoránach i bhfreagairt intuigthe agus shainráite ar an éilimh, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le ceanglais mhéadraithe, cineálacha sócmhainní a áirítear/a nglactar leo, agus infhaighteacht sócmhainní;

— samhlacha úinéireachta agus gnó atá ag teacht chun cinn a shainaithint (lena n-áirítear malartú idir piaraí, seirbhísí solúbthachta áitiúla, comhroinnt fuinnimh, stóráil pobail) agus tairiscintí a bhaineann le scéimeanna do tháirgeoirí is tomhaltóirí atá comhtháite san eangach ([2]), agus faireachán a dhéanamh ar ráthaíochtaí na tairbhí do shaoránaigh, don chóras, agus don tsochaí i gcoitinne;

— dea-chleachtais agus bacainní a shainaithint a bhaineann le scéimeanna do tháirgeoirí is tomhaltóirí atá comhtháite san eangach agus tíosach ar fhuinneamh a chur ar bun, a fhorbairt agus tacú leo (lena n-áirítear na scéimeanna sin nach gcumhdaítear le reachtaíocht reatha an Aontais) ([3]);

— treoir a thabhairt d'údaráis áitiúla, do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do phobail maidir le scéimeanna do tháirgeoirí is tomhaltóirí atá comhtháite san eangach agus tíosach ar fhuinneamh a chur ar bun trí shamhlacha a chur ar fáil dóibh le haghaidh réitigh theicneolaíocha, airgeadais agus riaracháin.

Bheadh na sonraí a bhaileofar tríd an stór lárnach ina bhfoinse faisnéise an-tábhachtach do na hinstitiúidí Eorpacha, do lucht ceaptha beartas, do rialtais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Bheadh sonraí den sórt sin oiriúnach do shruthanna beartais atá ann cheana agus dóibh sin a bheidh ann amach anseo; thacódh siad le forbairt gníomhaíochtaí aonair agus comhchoiteanna táirgeoirí is tomhaltóirí atá comhtháite san eangach ar bhealach a ndéanann úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a bharrfheabhsú, a ndéanann costas foriomlán an aistrithe fuinnimh a laghdú agus, ar an gcaoi sin, a ndéanann billí fuinnimh tomhaltóirí a laghdú. Tá an méid sin i gcomhréir leis an Straitéis um Chomhtháthú Córas Fuinnimh agus le teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2022 dar teideal 'Idirghabhálacha gearrthéarmacha sa mhargadh fuinnimh agus feabhsuithe fadtéarmacha ar dhearadh an mhargaidh leictreachais - plean gníomhaíochta'. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé cuidiú leis na Ballstáit a bhfuil deacrachtaí fós acu na forálacha thuasluaite a chur chun feidhme go leormhaith faoi 2025 a chur ar an eolas, agus rannchuidiú le hathbhreithniú nó feabhsú an chreata rialála ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh scéimeanna nach gcumhdaítear faoi láthair.

([1]) Bunaithe ar mhapáil na gcreataí rialála le haghaidh féintomhaltais in-athnuaite aonair agus comhchoiteann i mBallstáit le haghaidh conradh sonrach faoi Creatchonradh Iolrach ENER/2020/OP/0021 a thabharfar i gcrích in 2023.

([2]) Is éard atá i gceist le comhtháite san eangach: scéimeanna do tháirgeoirí is tomhaltóirí atá freagrúil do chomharthaí margaidh agus do riachtanais eangaí, trí fhreagairt intuigthe (comharthaíocht praghsanna) nó trí fhreagairt shainráite (rannpháirtíocht i margaí solúbthachta) ar an éileamh.

([3]) Bunaithe ar mhapáil na gcreataí rialála le haghaidh féintomhaltais in-athnuaite aonair agus comhchoiteann i mBallstáit an Aontais le haghaidh conradh sonrach faoi Chreatchonradh Iolrach ENER/2020/OP/0021 a thabharfar i gcrích in 2023.

BEARTA ULLMHÚCHÁIN

**CAIBIDIL PA 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** *(Ar lean.)*

PA 01 23 *(Ar lean.)*

PA 01 23 01 *(Ar lean.)*

Os a choinne sin, d'fhéadfadh an stóras a bheith go hiontach mar fhoinse saineolais do FBManna, d'údaráis áitiúla, do shaoránaigh agus dá gcomhlachais ar mian leo gníomhaíochtaí aonair nó chomhchoiteanna a chur ar bun agus páirt a ghlacadh i margaí solúbthachta, go háirithe sna Ballstáit nach bhfuil creat rialála forbartha acu nó nach bhfuil mórán taithí acu ar dhea-chleachtais go dtí seo.

D'fhéadfadh an stóras a bheith go hiontach amach anseo mar fhoinse chun rianú a dhéanamh ar dhul chun cinn na seirbhísí solúbthachta faoi thionchar na saoránach agus ar dhul chun cinn na hinfheistíochta príobháidí san aistriú in-athnuaite, agus chun aitheantas a thabhairt do chineálacha eile tionscnamh gníomhaíochta comhchoitinne a mbíonn baint acu le féintomhaltas atá neamhdhíobhálach don eangach thar phobail fuinnimh, rud a laghdódh an dreasacht do ghníomhaithe tráchtála agus tionsclaíocha pobail fuinnimh inathnuaite agus pobail fuinnimh saoránach a 'ghabháil' chun dul i mbun gníomhaíochtaí nuálacha.

PA 01 23 02 Beart ullmhúcháin — Scéim Comhaltachta Eorpach do Thaighdeoirí i mBaol

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 6 000 000 | 1 500 000 | 6 000 000 | 1 500 000 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

Forbrófar leis an mbeart ullmhúcháin seo Scéim Comhaltachta Eorpach chun tacú le Taighdeoirí i mBaol. Go háirithe, leis an mbeart ullmhúcháin, forbrófar na nósanna imeachta chun deontóirí a roghnú (a riosca a mheasúnú agus an comhaltacht a bhronnadh orthu) agus chun deontóirí a mheaitseáil le hinstitiúidí óstacha san Aontas. Ba cheart a mheas freisin a mhéid ba cheart idirdhealú a dhéanamh ar na nósanna imeachta bunaithe ar thionscnamh geografach na hiarrata. Faoin mbeart seo, breithneofar iarrataí ó gach tír lasmuigh den Aontas. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an taithí a fuarthas ó chláir inchomparáide náisiúnta agus ó chláir ENR chomh maith leis an taithí a fuarthas ón mbeart MSCA4Ukraine.

Ina theannta sin, chun na nósanna imeachta a bunaíodh a bhailíochtú, bronnfar leis an réamhbheart comhaltachtaí ar thaighdeoirí i mbaol in dhá rian agus beidh 15 shocrúchán lánmhaoinithe i ngach rian:

Rian 1: Socrúcháin phráinneacha do thaighdeoirí i mbaol lasmuigh de phróiseas na ndídeanaithe

Rian 2: Taighdeoirí dídeanaithe agus socrúcháin leantacha d'iarrthóirí i mbaol lasmuigh de phróiseas na ndídeanaithe

**CAIBIDIL PA 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** *(Ar lean.)*

PA 01 23 *(Ar lean.)*

PA 01 23 02 *(Ar lean.)*

Chun tuilleadh breisluacha Aontais a áirithiú a chomh maith le sineirgí idir iarrachtaí Fhoireann na hEorpa, forbrófar leis an mbeart ullmhúcháin seo cur chuige chun na Ballstáit a spreagadh leis a gcláir féin a chur ar bun chomh maith le cur chuige chun tionchar an chistithe náisiúnta agus an Aontais a uasmhéadú trí iarrachtaí clár éagsúil a chomhordú.

Tá an réamhbheart seo spreagtha ag moltaí beartais a forbraíodh faoin tionscadal de chuid Horizon 2020 MSCA 'Inspireurope'.

PA 01 23 03 Beart ullmhúcháin — Bealach Eorpach a chur chun cinn ar fud an domhain i dtreo na nuálaíochta digití atá fréamhaithe sa chultúr

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| p.m. | 1 000 000 | 2 000 000 | 500 000 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

Tá sé i gceist leis an mbeart ullmhúcháin seo cur chuige Eorpach i leith na nuálaíochta atá fréamhaithe sna healaíona/sa chultúr agus sna luachanna a chur chun cinn trí nascadh, nuálaíocht dhigiteach agus úsáid dhigiteach agus na healaíona in éiceachórais áitiúla i réigiúin roghnaithe lasmuigh den Eoraip. Bainfear úsáid as cur chuige nithiúil maidir le turgnamh ealaíonta digiteach chun glacadh teicneolaíochtaí digiteacha a chur chun cinn i ngeilleagair na réigiún roghnaithe agus chun úsáid an digitigh ar fud an domhain, ar bhealach atá 'comhoiriúnach don duine' agus atá comhfhiosach ó thaobh na héiceolaíochta de, a chur chun cinn. Leanann an beart ullmhúcháin seo treoirthionscadal inar bailíochtaíodh an smaoineamh agus inar coigeartaíodh an ghné bheartais chun cur chuige Eorpach i leith na nuálaíochta a chur chun cinn mar rogha mhalartach ar chur chuige na Stát Aontaithe agus na Síne.

Is éard a bheidh sna gníomhaíochtaí idirnáisiúnta imeachtaí (i.e. aontaí, taispeántais, féilte, ceardlanna, haiceatóin) agus cónaitheachtaí ealaíne lena mbuailfidh gnólachtaí/tionscadail nuathionscanta áitiúla agus Eorpacha le healaíontóirí áitiúla agus Eorpacha, faoi seach. Tá sé beartaithe na gníomhaíochtaí a theorannú do dhá réigiún roghnaithe – an Afraic Fho-Shahárach agus an Meán-Oirthear – réigiúin a bhfuil geilleagair atá ag teacht chun cinn iontu, arb iad na háiteanna is mó iad ina bhfuilimid ag súil go mbeidh an nuálaíocht atá fréamhaithe sa chultúr agus sna healaíona ar aon dul leis an smaointeoireacht áitiúil. Moltar go gcomhoibreofaí sna réigiúin roghnaithe sin freisin le gníomhaithe digiteacha ceannasacha a léiríonn feasacht mhéadaithe ar an tionchar atá ag an dul chun cinn digiteach ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol ar fud an domhain. Ceacht amháin a foghlaimíodh ón gcéim phíolótach is ea gur fearr dhá thionscadal ar leith a bheith ann a chlúdaíonn an dá réigiún roghnaithe. I bhfianaise thábhacht na hintleachta saorga, leagfar béim leis an mbeart ullmhúcháin ar an intleacht shaorga ach ní fhágfar amach gníomhaíochtaí maidir le hábhair eile a bhfuil baint ar leith acu leis an earnáil dhigiteach sna réigiúin roghnaithe. Tógann an beart ullmhúcháin, i measc nithe eile, ar an gclár S+T+ARTS in AS CONNECT a chuireann sineirgí idir na healaíona agus an teicneolaíocht dhigiteach chun cinn.

**CAIBIDIL PA 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** *(Ar lean.)*

PA 01 23 *(Ar lean.)*

PA 01 23 04 Beart ullmhúcháin — Seirbhís Tacaíochta do thionscadail athchóirithe faoi stiúir na saoránach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 2 500 000 | 3 125 000 | 5 000 000 | 1 250 000 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

Leis an treoirthionsacadal seo, táthar ag leanúint de treoirthionscadal 01 21 02 a ceadaíodh dhá bhliain as a chéile agus a bhfuil sé mar aidhm dó bacainní airgeadais, dlíthiúla agus teicniúla ar thionscadail athchóirithe faoi stiúir na saoránach a shárú. Baineann sé le seirbhís tacaíochta shonrach a chruthú le haghaidh Phobal Fuinnimh na Saoránach (CECanna) agus Comhphobail Fuinnimh Inathnuaite (RECanna), ar gníomhaithe nua iad a chumhdaítear i reachtaíocht de chuid an Aontais agus atá in ann rannpháirtíocht na saoránach a spreagadh i ngnéithe éagsúla den aistriú éiceolaíoch, lena n-áirítear tionscadail athchóirithe. Thógfadh cruthú seirbhís den sórt sin ar thaithí na gcomharchumann a bhfuil ag éirí leo tionscadail a eagrú le chéile ar leibhéal comharsanachta. Beidh sé d'aidhm ag an tseirbhís tacaíochta tógáil pobail a neartú, cláir ar éirigh leo a mhéadú agus cláir atá cosúil leo a dhéanamh. Ba cheart don mhéid seo a leanas a bheith mar chuid den tseirbhís:

1. Ardán chun taithí agus samhlacha a chomhroinnt, d'fhonn dinimicí láidre pobail a thógáil chun saoránaigh an Aontais a spreagadh maidir le hathchóiriú comhtháite foirgneamh agus úsáid ábhar in-athnuaite (trí uirlis na bpobal fuinnimh).

2. Tacaíocht chun pleananna infheistíochta a fhorbairt mar is gné ríthábhachtach é roghanna maoinithe a aithint chun píblínte tionscadal a chruthú. (Gnéithe comhchoiteanna a lorg chun tionscadal faoi stiúir na saoránach a mhéadú. Imscrúdú a dhéanamh ar fhorbairt samhlacha lena dtacaítear le hathchóiriú i dteannta cur in úsáid in-athnuaite.)

3. Fianaise agus táscairí a sholáthar chun feasacht a mhéadú i measc na bpobal fuinnimh atá ann faoi láthair ar an luach a bhaineann le hathchóirithe fuinnimh.

4. Cúnamh teicniúil agus oiliúint a chur ar fáil do ghrúpaí saoránach agus eagraíochtaí pobail atá ann cheana féin chomh maith le húdaráis áitiúla chun pobail saoránach agus fuinnimh in-athnuaite a bhunú a rachaidh i ngleic le hathchóiriú foirgneamh, rochtain ar úinéireacht tithe agus bochtaineacht fuinnimh.

5. Faireachán a dhéanamh ar thrasuí láidir fhorálacha an Phacáiste Fuinnimh Ghlain maidir le CECanna agus RECanna, agus tacú leis an trasuí sin, ar cheart gur dheis é do na Ballstáit ról na saoránach san aistriú fuinnimh a neartú.

Is é is sprioc don bheart ullmhúcháin pobail fuinnimh in-athnuaite agus pobail fuinnimh saoránach a chóitseáil tríd an bpróiseas le haghaidh aistriú críocha a chruthú agus a chur chun feidhme.

**CAIBIDIL PA 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** *(Ar lean.)*

***PA 01 24*** ***2024***

PA 01 24 01 Réamhbheart — FOSSEPS 2

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 2 500 000 | 625 000 | | |

*Barúlacha*

Leis an treoirthionscadal PP 01 24 '*Europe-wide solutions for free and open source software use by public services in the Union (FOSSEPS)*' [Réitigh uile-Eorpacha le haghaidh úsáid bogearraí foinse shaor in aisce agus oscailte ag seirbhísí poiblí san Aontas] atá ann faoi láthair maidir le Bogearraí Saor In Aisce agus Foinse Oscailte (FOSS) i Seirbhísí Poiblí Eorpacha (EPS), ní hamháin go ndearnadh an smaoineamh maidir le comhar uile-Eorpach maidir le foinse oscailte a chur chun cinn go suntasach, ach rinneadh amhlaidh trí bhíthin trí ghníomhaíocht nithiúla: (i) an chéad Chatalóg Réitigh Foinse Oscailte uile-Eorpach a thógáil le haghaidh riaracháin phoiblí, (ii) bogearraí criticiúla a úsáideann seirbhísí poiblí Eorpacha a shainaithint, agus (iii) grúpa úsáideoirí de chuid seirbhísí poiblí Eorpacha maidir le foinse oscailte a bhunú.

Is é ár n-acmhainneacht uile-Eorpach chun bogearraí foinse shaor in aisce agus oscailte (FOSS) a úsáid go straitéiseach agus a chur in úsáid go hoibríochtúil bunchloch na straitéisí chun ceannasacht dhigiteach, iomaíochas méadaithe na margaí digiteacha, nuálaíocht agus cibearshlándáil a bhaint amach. Bhí an-rath ar an treoirthionscadal tosaigh. Tá obair gan chríochnú agus spéis bhreise i ngach ceann de na trí cholún tionscadail. Leis na trí ghníomhaíocht a liostaítear thíos cuirtear lena bhfuil bainte amach roimhe seo agus moltar príomhghníomhaíochtaí a dhéanfaí leis an réamhbheart chun freastal go lárnach agus go comhuaineach ar an éileamh ó sheirbhísí poiblí eorpacha.

(i) Catalóg Eorpach d'Fheidhmchláir

Léiríonn na buntáistí atá cruthaithe cheana féin ó thaobh coigilteas ama agus costais de mar thoradh ar fheidhmchláir foinse oscailte atá liostaithe i gcatalóga náisiúnta a athúsáid, coigilteas ollmhór agus Catalóg Réitigh Foinse Oscailte Eorpach lánfheidhmiúil ann. Beidh ar PA an táirge inmharthana íosta den chéad Chatalóg d'Fheidhmchláir Eorpach a chruthaigh an treoirthionscadal a leathnú go mór chun go bhféadfar níos mó sonraí de chuid na mBallstát a ionghabháil, agus iad fós á léiriú ina gcatalóga náisiúnta féin (cur chuige bailithe sonraí cónasctha). Go deimhin, tá go leor Ballstát ann nach bhfuil catalóga de réitigh bogearraí foinse oscailte acu go fóill, agus i gcás na mBallstát a bhfuil siad acu, bíonn deacrachtaí teicniúla acu maidir lena gcuid oibre a chónascadh. Tá gá le tuilleadh oibre chun freastal ar chaighdeáin sonraí éagsúla a úsáideann na Ballstáit, agus freisin chun cuidiú leis na Ballstáit iontrálacha níos aibí a chruthú ina gcatalóg náisiúnta, agus dá réir sin Catalóg Eorpach d'Fheidhmchláir a chruthú. Beidh sé d'aidhm ag an treoirthionscadal sin faisnéis maidir le réiteach foinse oscailte a fháil ó 14 Bhallstát ar a laghad (50 %) trí obair caighdeán, canbhasáil, cumarsáid níos fearr, agus trí léiriú a thabhairt ar na coigiltis ollmhóra atá le baint amach. Tá gá le hinneachar sonraí le haghaidh gach feidhmchláir liostaithe a chomhchuibhiú ionas go gcuirfear torthaí fiúntacha agus ábhar comparáideach úsáideach ar fáil nuair a dhéanfaidh úsáideoirí cuardaigh. Ina theannta sin, tá cistí cothabhála leanúnacha de dhíth ar an gcéad táirge inmharthana íosta faoin treoirthionscadalfreisin chun freastal ar an gCatalóg Eorpach d'Fheidhmchláir atá ag athrú. Chomh maith le feabhas a chur ar an gcatalóg a eascraíonn as an treoirthionscadal, ní mór dúinn cuid den mhaoiniú a leithdháileadh chun feabhas a chur ar chatalóga náisiúnta agus ar a gcomhoiriúnacht leis an gceann Eorpach.

BEARTA ULLMHÚCHÁIN

**CAIBIDIL PA 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** *(Ar lean.)*

PA 01 24 *(Ar lean.)*

PA 01 24 01 *(Ar lean.)*

(ii) Fardal Bogearraí Criticiúla:

Cé is moite de mholadh a fháil as dul i ngleic leis an tsaincheist phráinneach seo (e.g. saincheist Log4J a bhí ann le déanaí), léirigh an treoirthionscadal an easpa ollmhór feasachta ar bhogearraí criticiúla laistigh de Sheirbhísí Poiblí Eorpacha. Sholáthair PP an feasacht sin, ach ní leor feasacht toisc nach bhfuil na huirlisí ag Seirbhísí Poiblí Eorpacha chun bogearraí criticiúla a shainaithint. Is léir, dá bhrí sin, nach féidir le seirbhísí poiblí Eorpacha déileáil leis an tsaincheist sin ina n-aonar. Ar a laghad ar fad, teastaíonn uirlisí uathu chun Bille Ábhar Bogearraí (SBOM) a chruthú le haghaidh gach bogearraí a úsáideann siad. Sin é an fáth gur cheart d'institiúidí an Aontais agus do sheirbhísí poiblí Eorpacha a gcuid acmhainní a chomhthiomsú i dtionscadal a leanfadh de bhogearraí criticiúla a shainaithint agus a réiteach. Tá gá le rannpháirtíocht agus comhar le gníomhaithe eile tionscail chun leanúint leis an iarracht sin. Ba cheart raon feidhme an fhardail a leathnú chun úsáid mhéadaithe FOSS i riaracháin phoiblí a chur in oiriúint, chomh maith le díoltóirí a sholáthraíonn réitigh bogearraí don earnáil phoiblí. Mar chuid d'fhorbairt an fhardail, ba cheart d'fhoireann FOSSEPS straitéis chothabhála uile-Aontais a fhorbairt le haghaidh na mbogearraí sainaitheanta i gcomhar le gníomhaithe FOSS atá á gcothabháil faoi láthair. Déanfar an straitéis maolaithe sin agus a maoiniú a mhionsaothrú i gcomhar leis na Ballstáit. Is é sprioc na gníomhaíochta ullmhúcháin sin, i ndeireadh na dála, go méadóidh na Ballstáit go comhoibríoch agus go neamhspleách ar a gcumas bogearraí criticiúla a shainaithint agus aon rioscaí cibearshlándála a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar shásra a shainaithint le haghaidh inbhuanaitheacht na réiteach le haghaidh bogearraí criticiúla. Leis sin, neartófar agus leathnófar gníomhaíochtaí reatha na lárionad saineolais foinse oscailte seirbhíse poiblí sna Ballstáit agus sa Choimisiún, trí úsáid a bhaint as cistiú ón mbeart ullmhúcháin.

(iii) Comhar Eorpach maidir le foinse oscailte

Cuirfidh an beart ullmhúcháin leis an obair nuaghinte a thosaigh an treoirthionscadal chun seirbhísí poiblí Eorpacha a spreagadh chun líonra foinse oscailte nó grúpa úsáideoirí a bhunú. Leis an mbeart ullmhúcháin beidh seirbhísí poiblí Eorpacha ar fud na mBallstát rannpháirteach go gníomhach chun an saineolas sa líonra sin a neartú, rud a chuirfidh ar a chumas leathnú agus comhaltaí nua a thabhairt isteach. Ceann de na torthaí praiticiúla a d'fhéadfadh a bheith ar an gcumas méadaithe sin, atá le hullmhú sa bheart ullmhúcháin, is ea bealaí a aimsiú chun go bhféadfaidh lárionaid saineolais foinse oscailte seirbhíse poiblí sna Ballstáit a n-acmhainní a chomhthiomsú chun go mbeidh siad in ann inbhuanaitheacht agus rialachas comhpháirteanna bunriachtanacha foinse oscailte a fheabhsú i dteannta a chéile. Leis an tionscnamh sin, beidh seirbhísí poiblí Eorpacha in ann a gcuid saincheisteanna foinse oscailte féin a bhainistiú agus réitigh a sholáthar i dteannta a chéile, rud a chuirfidh ar a gcumas a bheith ceannasach go digiteach sa réimse sin, agus an t-éiceachóras foinse oscailte Eorpach de ghníomhaithe beaga foinse oscailte á chothú ag an am céanna.

(iv) Cibearshlándáil foinse oscailte agus inbhuanaitheacht

Is gá anailísí slándála agus inbhuanaitheachta a dhéanamh ar bhogearraí foinse oscailte a úsáidtear go coitianta laistigh de sheirbhísí poiblí Eorpacha. Leis an mbeart ullmhúcháin reáchtálfar sraith de dhuaiseanna fabhtaimsithe agus haiceatóin chun cásanna criticiúla a shainaithint agus a réiteach agus chun cabhrú le bogearraí criticiúla a dhéanamh níos inbhuanaithe trí na bunbogearraí a fheabhsú nó a neartú. Cuideoidh na gníomhaíochtaí sin freisin le húsáid foinse oscailte a chur chun cinn laistigh den Aontas.

**CAIBIDIL PA 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** *(Ar lean.)*

PA 01 24 *(Ar lean.)*

PA 01 24 01 *(Ar lean.)*

(v) Straitéisí a shainiú chun athúsáid bogearraí arna bhforbairt ag seirbhísí poiblí nó le haghaidh seirbhísí poiblí a chur chun cinn:

Go háirithe, cuirfidh an réamhbheart seo athúsáid bogearraí chun cinn trí úsáid a bhaint as sraith dreasachtaí (dámhachtainí) trí chomórtais, chun tacaíocht phraiticiúil (e.g. comhairleoireacht, forbairt, tacaíocht tástála) a sholáthar, seachas duaiseanna airgeadais, agus chun cabhrú leis na seirbhísí poiblí sin aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna bogearraí lena gcuirtear cosc ar riaracháin phoiblí eile a gcuid réiteach a úsáid i mBallstáit eile (e.g. idirnáisiúnú agus logánú, comhtháthú agus saincheapadh).

PA 01 24 02 Réamhbheart — Cur chun feidhme na SFInna i réigiúin an Aontais — ó fhaireachán go gníomhaíocht

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 1 800 000 | 450 000 | | |

*Barúlacha*

Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) a bhaint amach, tá go leor dúshlán fós ann maidir le faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach a dhéanamh orthu san Eoraip, ós rud é gur léir éagothromaíochtaí i measc na mBallstát agus réigiúin an Aontais araon.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin agus aird á tabhairt ar an ngá atá leis na SFInna a logánú ar leibhéil fhonáisiúnta éagsúla chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad i bhfianaise na ndúshlán agus na gcuspóirí áitiúla.

Ar cheann de na príomhdhúshláin a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar na SFInna agus iad a chur chun feidhme, tá dearadh agus forbairt beartas comhtháite comhleanúnach lena gcuirtear san áireamh na hidirnaisc idir na SFIanna agus a gcuspóirí. I measc na ndúshlán eile tá maoiniú uireasach, sonraí agus sásraí faireacháin neamhleora, agus acmhainneachtaí institiúideacha éagsúla i réigiúin na hEorpa.

Is é is aidhm don réamhbheart bonn eolais a chur faoi cheapadh beartas an Aontais, náisiúnta agus réigiúnach le moltaí nithiúla maidir le gnéithe a bhaineann le faireachán agus cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar an leibhéal réigiúnach, ag tógáil ar thoradh Fhaireachán treoirthionscadal PP 01 22 06 ‘Faireachán a dhéanamh ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i réigiúin an Aontais - Na bearnaí sonraí a líonadh’ lena n-áirítear an tacar comhfhorbartha táscairí agus sonraí.

Is é is aidhm don réamhbheart sásra a bhunú chun faireachán rialta réigiúnach a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na SFInna a bhaint amach. Oibreoidh an sásra ar bhailiú sonraí, ar anailís agus ar léirmhíniú na dtáscairí a tháirgtear ar an leibhéal réigiúnach (NUTS2).

Tá an réamhbheart seo le cur chun feidhme thar dhá bhliain.

BEARTA ULLMHÚCHÁIN

**CAIBIDIL PA 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** *(Ar lean.)*

PA 01 24 *(Ar lean.)*

PA 01 24 02 *(Ar lean.)*

Na bearta a ghlacadh chun an réamhbheart a chur chun feidhme:

— faireachán tacar táscairí réigiúnacha chun aghaidh a thabhairt ar spriocanna uile na spriocanna forbartha inbhuanaithe (ó 55 go 169) arna cruthaítear faoi PP 01 22 06;

— an tacar táscairí réigiúnacha a bhailíochtú trí shuirbhé mórscála a dhíríonn ar réigiúin na hEorpa;

— an tacar táscairí réigiúnacha Eorpach chun faireachán a dhéanamh ar na SFInna a bhunú agus a scaipeadh leis na sonraí is nuashonraithe;

— comhoibriú le córais staidrimh náisiúnta maidir le sonraí réigiúnacha SFI a bhailiú agus a scaipeadh go córasach;

— comhlachais a thuiscint i bhfoirm idirnaisc chomhlántacha agus chomhbhabhtála le haghaidh gníomhaíochtaí beartais lena dtugtar aghaidh ar na SFInna ar an leibhéal fonáisiúnta;

— tástáil a dhéanamh ar chomhlántacht maidir le sraith de bheartais Eorpacha atá ann faoi láthair (an Comhaontú Glas don Eoraip, an beartas comhtháthaithe, an comhbheartas talmhaíochta) i ndáil le SFInna áirithe a bhaint amach ar an leibhéal réigiúnach;

— moltaí beartais a fhorbairt don Choimisiún maidir leis an gcaoi a ndéanann réigiúin na hEorpa faireachán ar na SFInna, agus cad a thugtar le fios leis na hidirnaisc maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe le haghaidh gníomhaíochtaí ceaptha beartas;

PA 01 24 03 Réamhbheart — Comhpháirtíochtaí le haghaidh Nuálaíocht Réigiúnach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 1 000 000 | 250 000 | | |

*Barúlacha*

1. Comhpháirtíochtaí le haghaidh Nuálaíocht Réigiúnach: ábharthacht beartais agus na chéad chéimeanna eile

Is cumasóir bunriachtanach é an nuálaíocht chun cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach, go háirithe an t-aistriú glas agus an claochlú digiteach agus neamhspleáchas straitéiseach oscailte a bhaint amach, chomh maith leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Tá an nuálaíocht bunriachtanach freisin chun iomaíochas na hEorpa a spreagadh agus chun athléimneacht a chothú i réimsí straitéiseacha agus chun na spleáchais agus na leochaileachtaí a tugadh chun solais leis na géarchéimeanna a tharla le déanaí a laghdú.

Leis na claochluithe móra ar na córais táirgthe agus tomhaltais mar thoradh ar an aistriú chuig córas nua fuinnimh ghlais, ról forleatach na dteicneolaíochtaí digiteacha, agus na dúshláin a bhaineann le géarchéim COVID-19 agus iarmhairtí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, éilítear go ndéanfaí infheistíochtaí uaillmhianacha sa nuálaíocht. Mar sin féin, ní dócha go nginfear torthaí fíor-chlaochlaitheacha le níos mó cistí i gcur chuige 'gnó mar is gnách'.

**CAIBIDIL PA 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** *(Ar lean.)*

PA 01 24 *(Ar lean.)*

PA 01 24 03 *(Ar lean.)*

Ní mór do bheartais nuálaíochta nua aghaidh a thabhairt ar dhá réamhriachtanas thábhachtacha: rannpháirtíocht fhóinteach geallsealbhóirí áitiúla agus réigiúnacha lena n-áirítear saoránaigh, fiontair, institiúidí eolais agus údaráis áitiúla; agus nuálaíocht chlaochlaitheach ar leibhéal an chórais a imríonn tionchar ar bheartais thionsclaíocha, aeráide, fostaíochta agus shóisialta agus a spreagann na beartais sin, i measc nithe eile. Ní mór dóibh a chur san áireamh freisin obair shamhaltaithe an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC) le déanaí maidir le héagsúlú eacnamaíoch réigiúnach a baineadh amach trí theicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach dar conclúid go bhfuil acmhainneacht níos mó ag an éagsúlú gaolmhar do réigiúin níos forimeallaí agus níos lú forbartha ná do na réigiúin níos forbartha ar cheart dóibh níos mó bealaí chun nuáil a shaothrú, ina ionad sin.

Sheol an Coimisiún agus Coiste na Réigiún na Comhpháirtíochtaí um Nuálaíocht Réigiúnach (PRI) in 2022. Formhuiníodh an cur chuige PRI ag an gCoimisún ina theachtaireacht an 5 Iúil 2020 dar teideal 'Clár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht'.

Tagann PRI mar fhreagairt ar ghlao práinneach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán atá ann nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo maidir leis an athrú aeráide, ar an ngá práinneach atá le neamhspleáchas straitéiseach oscailte a bhaint amach agus chun a áirithiú go mbeidh rath ar an Eoraip i ngeilleagar glas agus digiteach na todhchaí, agus comhtháthú sóisialta agus críochach á neartú i ré na hilghéarchéime domhanda ag an am céanna.

Forbraíodh PRI ag an JRC. Cuireann siad leis an taithí dhearfach a fuarthas le straitéisí um speisialtóireacht chliste agus féachann siad le haghaidh a thabhairt ar ilroinnt ionstraimí agus beartas cistiúcháin i gcríocha agus le mí-ailínithe idir tionscnaimh réigiúnacha, náisiúnta agus tionscnaimh de chuid an Aontais, agus cuir chuige nua á bhfiosrú ag an am céanna atá ceaptha chun iarrachtaí a thabhairt le chéile ar fud na rialtais agus na ngeallsealbhóirí, comhpháirtíochtaí a fhorbairt agus tionchar a mhéadú.

Forbraíodh an chéad phrótacal oibríochtúil PRI agus tairgeadh é do na críocha atá rannpháirteach sa treoirthionscadal, d'fhonn cur chun feidhme na treoirthionscadail a threorú.

Cuireadh tús le treoirthionscadal PRI, a mhair bliain, an 17 Bealtaine 2022, tá 74 chríoch i gceist leis agus tá dhá phríomhchuspóir aici. Is é an chéad cheann ná an Prótacal PRI oibríochtúil a thástáil go críochnúil agus a fhorbairt tuilleadh, agus tríd an méid sin, an coincheap PRI ar fad. Is é an dara príomhchuspóir tús a chur le hinfheictheacht bhreise a thabhairt agus comhfhorbairt a dhéanamh ar dheiseanna do chríocha de chuid an treoirthionscadail nascadh agus comhar idir-réigiúnach a thionscnamh maidir le hábhair chun tacú le gleannta nuálaíochta réigiúnacha a bheidh ann amach anseo faoin gClár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht, trí mhisin an Aontais a chur in iúl go háitiúil go comhpháirteach, trí chomhar idir-réigiúnach i slabhraí luacha inbhuanaithe nua, forbairt scileanna comhoibríocha, nó tuilleadh réimsí is mó tábhacht do na críocha.

2. Réamhbheart maidir le PRI: cuspóirí, raon feidhme agus gníomhaíochtaí

Bunaithe ar an méid thuas, dhéanfaí an méid seo a leanas leis an réamhbheart:

— tástáil PRI a oscailt do shraith críoch is mó ná an tsraith a bhí páirteach sa ghníomh tosaigh,

— PRI a thástáil mar nasc idir straitéisí áitiúla um speisialtóireacht chliste agus misean um oiriúnú aeráide an Aontais a imscaradh i réigiúin agus i bpobail,

— tacú le rannpháirtíocht na gcríoch i slabhraí luacha nua an Aontais atá nasctha le himscaradh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh,

— inmharthanacht fhadtéarmach PRI a thástáil,

— a tharraingt bheartais a chothú,

BEARTA ULLMHÚCHÁIN

**CAIBIDIL PA 01 — TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** *(Ar lean.)*

PA 01 24 *(Ar lean.)*

PA 01 24 03 *(Ar lean.)*

— tacú le coincheap PRI a chur in úsáid agus a chur chun feidhme chun tacú le beartais thionsclaíocha, chomhtháthaithe agus taighde agus nuálaíochta an Aontais,

— an PRI a nascadh le cur chuige Bauhaus Eorpach Nua (NEB) más iomchuí,

— aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus ar na riachtanais a bhaineann le pobail agus críocha atá níos lú nó nach bhfuil chomh nuálach sin chun na rioscaí a bhaineann le deighilt mhéadaithe sa nuálaíocht san Aontas a mhaolú,

— pobal de chleachtóirí PRI a bhunú.

PA 01 24 04 Réamhbheart — Fóram sráidbhaile nuathionscanta agus gleannta nuálaíochta tuaithe

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 1 800 000 | 450 000 | | |

*Barúlacha*

Tá na cuspóirí seo a leanas ag an mbeart ullmhúcháin:

— anailís ar chás-staidéir ar shráidbhailte nuathionscanta;

— tuarascáil deiridh a fhoirmliú ina mbeidh moltaí beartais atá le seoladh in imeacht poiblí.

Níl aon bhunús dlí le haghaidh bailiú domhain táscairí agus meadarachtaí a bhaineann le himscaradh nuálaíochta agus go sonrach fiontraíocht nuálach i gceantair thuaithe, agus is beag an fháil atá ar shonraí agus staidreamh iomchuí, chomh maith le gannfhianaise ar conas is féidir le gnólachtaí nuathionscanta teacht chun cinn agus fás go rathúil i gceantair thuaithe. Dá bhrí sin, ní mór an bonn eolais a fheabhsú agus a leathnú chun bonn taca a chur faoi ghníomhaíocht beartais le tacaíocht eolaíoch.

Thairis sin, níl aon ghníomhaíocht shonrach ann a chomhfhreagraíonn don nuálaíocht, do ghnólachtaí nuathionscanta agus don fhiontraíocht i gcreat leathan reatha chláir bheartais an Aontais atá dírithe ar cheantair thuaithe. Leis na beartais éagsúla a mbíonn tionchar acu ar limistéir thuaithe (beartais forbartha tuaithe, beartas réigiúnach, taighde agus beartas nuálaíochta) déantar roinnt gníomhaíochtaí ábhartha a imscaradh, ach tá sintéis in easnamh agus, dá bhrí sin, is gá a oibriú amach cad atá i gceist agus moltaí ábhartha a bhaint amach chun an bhearna sin a líonadh i ngníomhaíocht a dhéanfar amach anseo.

**CAIBIDIL PA 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA**

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go maoineofar cur chun feidhme beart ullmhúcháin i réimse cur i bhfeidhm CFAE agus Chonradh Euratom, arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn bearta a ghlacadh sa todhchaí. Comhfhreagraíonn a n-iomlán leis an leibhéal leithreasuithe a léirítear faoi Airteagal 02 20 02.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***PA 02 18 2018***

PA 02 18 01 Beart ullmhúcháin — Tacaíocht chuimsitheach a bhunú le haghaidh réigiúin ar mór a lorg guail agus carbóin i mbun aistrithe

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 1 911 429 | p.m. | 4 000 000 | 0,— | 3 840 762,50 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

***PA 02 19 2019***

PA 02 19 01 Beart ullmhúcháin — Uirlis faisnéise soláimhsithe maidir le scéimeanna rialála rochtana ar fheithiclí uirbeacha agus réigiúnacha

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 316 000 | 0,— | 989 886,80 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

**CAIBIDIL PA 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

***PA 02 20 2020***

PA 02 20 01 Beart ullmhúcháin — Múineadh d'údaráis agus do phobail oileán conas tairiscint a chur isteach le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 268 305 | p.m. | 460 000 | 0,— | 702 382,85 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 02 20 02 Beart ullmhúcháin — Comhar ar ghníomhú ar son na haeráide a neartú i measc sráidbhailte san Aontas agus lastall de trí aitheantas tuaithe a chruthú laistigh de Chúnant na Méaraí

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 767 614 | p.m. | 1 000 000 | 0,— | 575 710,80 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 02 20 03 Beart ullmhúcháin — Intleacht Shaorga agus Mórshonraí i gclaochlú digiteach riarachán poiblí san Eoraip: ardán Eorpach réigiún

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 170 000 | 0,— | 255 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

**CAIBIDIL PA 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PA 02 20 *(Ar lean.)*

PA 02 20 04 Beart ullmhúcháin — Riarachán áitiúil cliste a tharraingíonn ar Idirlíon na Rudaí Nithiúla, intleacht shaorga, réaltacht fhíorúil agus uirlisí meaisínfhoghlama chun teagmháil níos gaire a dhéanamh leis an saoránach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 82 982 | p.m. | 500 007 | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

***PA 02 22 2022***

PA 02 22 01 Beart ullmhúcháin — Malartú Sábháilteachta ar Bhóithre AE +

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 270 000 | p.m. | 205 000 | 894 350,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

Le Malartú Sábháilteachta ar Bhóithre AE + (EURSE II) déanfar an obair maidir le malartú eolais agus dea-chleachtas an treoirthionscadail a chomhdhlúthú agus an raon feidhme a leathnú go líon níos mó Ballstát. Áirithítear leis an gclár seanbhunaithe tacaíocht leanúnach piaraí, atá riachtanach chun spriocanna náisiúnta agus Eorpacha a ghnóthú chun líon na mbásanna ar na bóithre agus na ngortuithe tromchúiseacha a laghdú, mar aon le hinfheictheacht agus úinéireacht ardleibhéil maidir le sábháilteacht ar bhóithre sna Ballstáit. Soláthraítear leis uirlisí agus réitigh nua atá bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus bunaítear leis comhpháirtíocht chomhsheasmhach idir tíortha. Cabhrófar leis an mbearna shuntasach i bhfeidhmíocht sábháilteachta ar bhóithre idir na Ballstáit a dhúnadh trí ghníomhaíocht spriocdhírithe maidir le príomhábhair.

BEARTA ULLMHÚCHÁIN

**CAIBIDIL PA 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PA 02 22 *(Ar lean.)*

PA 02 22 01 *(Ar lean.)*

Déanfar líon na rannpháirtithe i dtionscadal Malartaithe Sábháilteachta ar Bhóithre AE a mhéadú leis an mbeart ullmhúcháin agus sainaithneofar leis tíortha rannpháirteacha bunaithe ar a n-acmhainneacht chun feabhas suntasach a chur ar shábháilteacht ar bhóithre. Roghnófar saineolaithe nasctha bunaithe ar a gcuntas teiste cruthaithe i leith cur chun feidhme beart éifeachtach sábháilteachta ar bhóithre maidir leis na hábhair inspéise. Leis an mbeart ullmhúcháin, déanfar sásra nua a chur ar bun le haghaidh malartú agus obair leantach chórasach chun a áirithiú go mbeidh an fios gnó agus na huirlisí is gá ag gairmithe sna Ballstáit rannpháirteacha chun athchóirithe fadtéarmacha a thabhairt isteach sa tsábháilteacht ar bhóithre, i gcomhréir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta. Áirítear ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe ceardlanna téamacha ar líne, cuairteanna staidéir ar bháid, mar aon le hobair leantach chórasach agus comhdháil deiridh chun eolas agus taithí a chomhroinnt le pobal níos leithne.

PA 02 22 02 Beart ullmhúcháin — Sonraí Spáis AE do shoithí uathrialacha in uiscebhealaí intíre

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 550 000 | p.m. | 455 000 | 2 000 000,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

Tá athrú ag teacht ar iompar uiscebhealaí intíre agus tairbhe á baint as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn arb iad is siocair le hearnáil níos sábháilte, níos digití agus níos inbhuanaithe a bheith ann. Le hoibríochtaí soithí uathrialacha cuirfear deiseanna nua gnó ar fáil, mar aon le dúshláin nua, lena dtacófar le digitiú agus le dúshláin inbhuanaitheachta an Aontais. Beidh Sonraí Spáis AE ó Galileo, ó EGNOS agus ó Copernicus ina gcumasóirí tábhachtacha don chlaochlú sin, trí fhaisnéis suite iontaofa agus stóinsithe agus trí íomhánna comhchuibhithe de na seolbhealaí agus den timpeallacht a éascú, a bhfuil gá leo le haghaidh oibríochtaí uathrialacha a bheidh sábháilte agus glas.

Comhaontaítear an gá atá le córas suite atá thar a bheith beacht agus athléimneach i gcás oibríochtaí amhail: loingseoireacht i seolbhealaí cúnga, ag dul faoi dhroichid, loic uiscebhealaí, uath-mhúráil agus oibríochtaí feistithe comhuaineacha. Beidh gnéithe breise a chuirfidh difreálaithe Galileo ar fáil, ar gnéithe iad nach bhfuil giaráilte go fóill, ina gcabhair le huathoibriú sa bhreis a chur i gcrích, amhail fíordheimhniú agus sláine i dtaca leis an suíomh.

**CAIBIDIL PA 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PA 02 22 *(Ar lean.)*

PA 02 22 02 *(Ar lean.)*

D'fhéadfadh an sainmhíniú ar oibríocht uathrialach a bheith ag brath ar íomhánna follasacha den limistéar trína bhfuiltear ag loingseoireacht. Ar na saolta seo, braitheann oibreoirí agus monaróirí ar fhoinsí éagsúla sonraí den sórt sin as a dtagann cur chuige neamh-chomhchuibhithe. Mar sin féin, áiritheofar cur chuige aonchineálach de chuid an Aontais le híomhánna Copernicus, lena dtacófar le comhtháthú sábháilte oibríochtaí uathrialacha comhuaineacha mar aon le comhtháthú le trácht foireannaithe. Díreofar leis an réamhbheart ar:

— fhreastal ar mheithleacha atá ann cheana lena ndíreofar ar réitigh le haghaidh soithí uathrialacha, lena n-áirítear ardáin phoiblí/phríobháideacha éagsúla agus agallaimh á ndéanamh le príomhgheallsealbhóirí tionsclaíocha, amhail comhlachais loingseoireachta, oibreoirí calafoirt, údaráis ábhartha uiscebhealaí Muirí agus Intíre;

— rannchuidiú le hobair chaighdeánaithe laistigh den Coiste Eorpach um Ullmhú Caighdeán i Réimse na Loingseoireachta Intíre (CESNI);

— cheanglais úsáideoirí le haghaidh loingseoireacht shábháilte ar uiscebhealaí intíre a shainaithint i gcás ina mbeidh soithí uathrialacha, cianphíolótaithe agus píolótaithe de láimh ann.;

— shainmhíniú ar choincheap na n-oibríochtaí agus riachtanais feidhmíochta suite le haghaidh oibríochtaí éagsúla soithí uathrialacha;

— shainaithint na bpríomhdhúshlán nach foláir a shárú chun oibriú sábháilte agus suíomh athléimneach a áirithiú;

— shainaithint agus anailís na mbacainní teicniúla agus rialála (e.g. easpa caighdeán agus rialachán), slabhra luacha na tionsclaíochta agus samhlacha nua gnó a d'fhéadfadh teacht chun cinn i loingseoireacht uiscebhealaí intíre agus leas á bhaint as na sineirgí tríthoiseacha idir loingseoireacht satailíte, íomhánna agus teileachumarsáide;

— shainaithint na ngníomhaíochtaí féideartha ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun borradh a chur faoin bhforbairt gnó, agus tacú le FBManna/gnólachtaí nuathionscanta chun réitigh spásbhunaithe AE a sholáthar chun cumas soithí uathrialacha an Aontais sa todhchaí a fhíorú d'uiscebhealaí intíre;

— fréamhshamhaltú trealaimh ar bord a bhaineann úsáid as difreálaithe Galileo chun aghaidh a thabhairt ar na príomhriachtanais nach bhfuil cumhdaithe go dtí seo ag an trealamh atá cheana ann, lena ndíreofar ar an úsáid a bhaintear as fíordheimhniú Galileo chun cosc a chur ar chumarsáid faoi bhréagriocht nó ar úsáid comharthaí bréige, lena ndéanfar tionóiscí a chosc. Ba cheart fréamhshamhlacha trealaimh a forbraíodh laistigh den treoirthionscadal seo a bheith bunaithe, nuair a bhíonn siad ar fáil, ar chomhpháirteanna réamhdhéanta atá cheana ann;

— dearadh cáis sábháilteachta na bhfuil íomhánna Copernicus chun na huiscebhealaí atá le tástáil a shainiú;

— anailís ar an méid faisnéise is gá a tharchur chun go mbeidh cairteacha loingseoireachta leictreonacha intíre tugtha cothrom le dáta agus an íosluas cumarsáide chun oibríocht shábháilte a ráthú, lena n-áirítear freisin cibé an gá don soitheach faisnéis faoin seolbhealach sa chalafort a íoslódáil nó an féidir é sin a dhéanamh le linn loingseoireachta;

— cur chun feidhme roinnt léirithe feadh uiscebhealaí intíre roghnaithe i gcás ina meastar go mbeidh soithí uathrialacha ann amach anseo i gcomhthráth le soithí atá á bpíolótú de láimh. Is é is aidhm dóibh ná féidearthacht agus breisluach a léiriú i gcomhréir leis na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le Longa Uathrialacha Dromchla Muirí (MASS).

BEARTA ULLMHÚCHÁIN

**CAIBIDIL PA 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PA 02 22 *(Ar lean.)*

PA 02 22 02 *(Ar lean.)*

Beidh na nithe seo a leanas, ar a laghad, ag na soithí a bheidh sa léiriú:

— glacadóirí ardleibhéil GNSS lena n-áirítear fíordheimhniú Galileo agus EGNOS;

— modhanna cumarsáide ard-bhandaleithid chun:

  — an fhaisnéis a bhaineann leis an seolbhealach a íoslódáil ó Copernicus;

  — an fhaisnéis maidir le comhrian cabhlach na soithí uile atá i mbun loingseoireachta san uiscebhealach intíre céanna a íoslódáil;

  — faisnéis uile na mbraiteoirí a sheoladh chuig an ionad faireacháin;

  — ionchuir rialaithe a fháil ón ionad faireacháin sa chás gur gá an soitheach a oibriú go cianda.

— rannchuidiú le caighdeán nua a dhréachtú do na híoscheanglais maidir le Sonraí Spáis AE chun loingseoireacht shábháilte uathrialaitheach ar uiscebhealaí intíre a ráthú chun tacú le tionscnaimh rialála a bheidh ann amach anseo.

***PA 02 24*** ***2024***

PA 02 24 01 Réamhbheart — Lipéadú Comhshaoil don Eitlíocht II

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 3 000 000 | 750 000 | | |

*Barúlacha*

Tá sé de chúram ar an gCoimisiún treoirthionscadal PP 02 20 02 ‘Éicilipéadú le haghaidh eitlíochta / Tionscadal taispeána chun córas ‘Lipéad Glas’ deonach a thabhairt isteach san eitlíocht’ a chur chun feidhme. Rinneadh cuid de theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2020 dar teideal ‘*Sustainable and Smart Mobility Strategy - putting European transport on track for the future*’ [Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste - iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí] (COM/2020/ 789 final) den treoirthionscadal sin freisin faoi Ghníomhaíocht shuaitheanta 5 ‘Praghsáil Carbóin agus dreasachtaí níos fearr a chur ar fáil d’úsáideoirí’. Is iad spriocanna insoláthartha léiritheoir lipéid a tugadh chun críche i R4 2022 agus tuarascáil ar chruthúnas coincheapa ag gabháil leis, a bheidh le seachadadh i R1 2023. Bhí an obair a rinneadh faoin treoirthionscadal ina léiriú soiléir ar indéantacht theicniúil agus oibríochtúil an chórais lipéadaithe don eitlíocht.

**CAIBIDIL PA 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PA 02 24 *(Ar lean.)*

PA 02 24 01 *(Ar lean.)*

Is é príomhchuspóir an chórais lipéadaithe comhshaoil don eitlíocht lorg comhshaoil na heitlíochta a laghdú trí roghanna níos inbhuanaithe a éascú do thomhaltóirí bunaithe ar fhaisnéis iontaofa, chomhchuibhithe agus inrochtana. Tá cur chuige iomlánaíoch á mheas trí bhreathnú ar phríomh-chomhpháirteanna an chórais eitlíochta, amhail feidhmíocht eitilte agus faisnéis chomhlántach maidir le teicneolaíocht aerárthaí. Le cur chuige den sórt sin, dhéanfaí tionscal na heitlíochta a dhreasú chun a thionchar ar an gcomhshaol a laghdú trí réitigh atá ar fáil go héasca agus teicneolaíochtaí a bheidh ann amach anseo araon a bhreithniú.

Leis an treoirthionscadal forbraíodh na modheolaíochtaí agus na creataí dáileacháin digiteacha ábhartha lena sainaithnítear na critéir theicniúla chun measúnú a dhéanamh ar oibríochtaí aerlíne agus ar an teicneolaíocht aerárthaí a úsáideadh, agus rinneadh amhlaidh i gcomhréir leis na beartais, na tionscnaimh agus na modheolaíochtaí is infheidhme arna bhforbairt ag an gCoimisiún.

Ina theannta sin, áirítear sa treoirthionscadal rannpháirtíocht leathan páirtithe leasmhara le príomhghníomhaithe ón tionscal eitlíochta (25+ aerlíne, monaróirí inneall agus aerárthaí, aerfoirt) agus an tionscal taistil (Amadeus, Google, Skyscanner, Travalyst), na Ballstáit chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha (UECNA, BEUC, T+E).

Bunaithe ar thorthaí dearfacha faoin treoirthionscadal, d’fhágfadh réamhbheart leantach go bhféadfaí an tionscadal a fhorbairt tuilleadh chun leas díreach saoránach an Aontais trí bhunús dlí féideartha a sholáthar. I ndáil leis an méid sin, táthar ag súil go ndéanfar tuilleadh oibre chun féachaint an bhféadfaí tionchair aeráide neamh-CO2 ón eitlíocht a áireamh i modh measúnaithe an lipéid. D’fhéadfadh obair mheasúnaithe saolré a bheith san áireamh san obair sin lena bhféadfar comparáid a dhéanamh idir modh iompair chomh maith leis an obair eolaíoch is gá chun neamhréireachtaí modheolaíochta a ailíniú. Ós rud é gurb é is aidhm don lipéad measúnú iomlán a sholáthar ar thionchar na heitlíochta ar an gcomhshaol, ba cheart measúnú críochnúil a dhéanamh maidir le cásanna úsáide breise a fhorbairt lena gcumhdófaí modhanna trédhearcachta comhshaoil do sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta (ANSP), d’aerlínte agus do mhonaróirí aerárthaí.

PA 02 24 02 Réamhbheart — Córas leabhar agus éilimh a bhunú le haghaidh SAF

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 3 000 000 | 750 000 | | |

*Barúlacha*

Beidh sé d’aidhm ag an réamhbheart córas leabhar agus éilimh a bhunú le haghaidh earnáil na heitlíochta san Aontas chun dáileadh costéifeachtach agus úsáid níos leithne breosla eitlíochta inbhuanaithe (SAF) i margadh an Aontais a éascú trí cheannach SAF a dheighilt óna sheachadadh fisiciúil agus óna úsáid fhisiciúil. Dá gcruthófaí comharthaí trédhearcacha soláthair/éilimh laistigh den chóras leabhar agus éilimh le haghaidh cineálacha éagsúla SAFanna mar a bhunaítear faoi Rialachán (AE) 2023/2405 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe (ReFuelEU Aviation) (IO L, 2023/2405, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2405/oj), chuirfí borradh faoi mhargadh táirgthe SAF ar bhealach costéifeachtach, agus an tairbhe is mó is féidir a bhaint as an gcomhshaol, agus iomaíochas earnáil eitlíochta na hEorpa agus cothrom iomaíochta do sholáthróirí breosla agus d’oibreoirí aerárthaí á gcaomhnú ag an am céanna. Ní mór don ghníomhaíocht ulllmhúcháin díriú ar chóras a fhorbairt lena gcomhcheanglaítear tairbhí comhshaoil agus riachtanais eacnamaíocha.

**CAIBIDIL PA 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PA 02 24 *(Ar lean.)*

PA 02 24 02 *(Ar lean.)*

Déanfar an réamhbheart ag na céimeanna seo a leanas:

1. Anailís ar an gcreat reachtach atá ann cheana, lena n-áirítear na forálacha ábhartha laistigh de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint n hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82), Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32), Rialachán (AE) 2023/2405 chomh maith le haon reachtaíocht ábhartha eile. Ba cheart anailís den sórt sin a bheith mar bhonn do chóras leabhar agus éilimh a fheidhmíonn go maith ar leibhéal an Aontais:

— lena n-áirithítear comhlíonadh Treoir (AE) 2018/2001 agus Rialachán (AE) 2023/2405 chomh maith le héascú éilimh faoi CTA AE mar gheall ar chúrsaíocht chuí deimhnithe arna n-eisiúint do na páirtithe lena mbaineann ar bhonn chruthúnas inbhuanaitheachta de bhun Threoir (AE) 2018/2001;

— lena leantar tráthchlár sonrach i gcomhréir leis na hoibleagáidí maidir le *Refuel Aviation*, timthriall comhlíontachta RED na soláthróirí breosla agus timthriall comhlíontachta CTA AE d'oibreoirí aerárthaí.

2. Ailtireacht TF an chórais leabhar agus éilimh a dhearadh, agus aird chuí á tabhairt ar Bhunachar Sonraí an Aontais atá ann cheana faoin treoir RED. Le dearadh an chórais, ba cheart réitigh éifeachtacha a mholadh chun neamhrialtachtaí agus calaois a chosc agus chun aghaidh a thabhairt ar riosca a d'fhéadfadh a bheith ann go ndéanfaí comhaireamh dúbailte.

3. Cur chun feidhme an chórais forbartha leabhar agus éilimh in aerfoirt roghnaithe de chuid an Aontais, bunaithe ar aerthrácht, ar sholáthar agus éileamh SAF a d'fhéadfadh a bheith ann, agus aird chuí á tabhairt ar chothromaíocht gheografach san Aontas, lena bhféadfaí an méid seo a leanas a áireamh ach gan a bheith teoranta dóibh: Aerfort Idirnáisiúnta Frankfurt am Main, Aerfort Idirnáisiúnta Charles de Gaulle, Aerfort Idirnáisiúnta Henri Coandă, Aerfort Humberto Delgado, Aerfort Idirnáisiúnta Cristiano Ronaldo, Aerfort Idirnáisiúnta Leonardo da Vinci, Aerfort Chopin Vársá, Aerfort Palma de Mallorca agus Aerfort Arlanda Stócólm. Ba cheart go mbeadh éifeacht ag cur chun feidhme trialach den sórt sin maidir leis an gcéad sprioc a leagtar síos faoin togra le haghaidh Rialachán *Refuel Aviation*.

PA 02 24 03 Réamhbheart — Ullmhú chreat rialála an Aontais d'Oibríochtaí Aerspáis níos airde

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 2 000 000 | 500 000 | | |

**CAIBIDIL PA 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PA 02 24 *(Ar lean.)*

PA 02 24 03 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Mar a léirítear leis an traseitilt a rinneadh le déanaí ar bhalún Síneach in aerspás na Stát Aontaithe agus Cheanada, tá oibríochtaí san aerspás níos airde, i.e. os cionn airde 20 km, ag tarlú cheana féin agus spreagann siad dúshláin chriticiúla. Tá 'Treochlár maidir le hOibríochtaí Aerspáis níos airde (HAO)' curtha ar fáil ag an gCoimisiún ina ndéantar iniúchadh ar na saincheisteanna rialála a bhaineann le forbairt na n-oibríochtaí sin san Aontas agus ina moltar roinnt gníomhaíochtaí leantacha. Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí sin tuiscint níos fearr a fháil ar na hoibríochtaí aerspáis níos airde sin amach anseo agus ar na dúshláin ghaolmhara, chun creat rialála leormhaith de chuid an Aontais a ullmhú, agus is éard a bheidh iontu:

— staidéir agus taighde

— measúnuithe sábháilteachta, comhshaoil agus cibearshlándála

— coincheap an 'bhosca gainimh rialála' a fhorbairt chun dlús a chur le tástálacha agus taispeántais tionscail

Is é an cuspóir foriomlán a bheadh sa réimse seo cur chun feidhme sábháilte, slán, éifeachtúil agus inbhuanaithe oibríochtaí aerspáis níos airde a chumasú san Eoraip agus rannchuidiú le cur chuige domhanda a fhorbairt trí Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) trí sheasamh láidir Eorpach a bhunú.

Leis an réamhbheart seo, bheifí in ann eolas feabhsaithe a fhorbairt maidir leis hoibríochtaí sin agus ar a dtimpeallacht amach anseo, chun ullmhú do thionscnaimh rialála amach anseo agus chun éiceachóras úsáideach a thógáil a thacóidh le forbairtí tionsclaíocha. A bhuí leis an taithí agus an barr feabhais aitheanta atá aici i réimsí na heitlíochta agus an spáis, d'fhéadfadh ról ceannasach a bheith ag an Eoraip sa tionscal sin amach anseo. Beidh sé tábhachtach freisin a áirithiú go dtabharfar aird chuí ar ghnéithe slándála agus cosanta chun ceannasacht in aerspás na hEorpa a chosaint.

Is iad príomhchuspóirí an réamhbheart seo tacú leis na línte gníomhaíochta seo a leanas:

— staidéir eolaíocha a sheoladh ar na dálaí ar airde mhór a mbíonn tionchar acu ar na heitiltí agus ar na daoine ar bord (aimsir, riachtanais leighis, speictream, faireachas, cumarsáidí, tiomáint, etc.)

— tacú le forbairt thionsclaíoch, mar shampla trí choinníollacha deimhniúcháin speisialta agus boscaí gainimh rialála

— measúnuithe dlí agus rialála a dhéanamh (measúnuithe ar shábháilteacht agus ar an tionchar ar an gcomhshaol san áireamh), chomh maith le hanailís ar bhearnaí

— leas a bhaint as sineirgí le beartais eile de chuid an Aontais (spás, cosaint, slándáil, nascacht, etc.)

— idir-inoibritheacht réigiúnach agus dhomhanda a áirithiú, go príomha trí ICAO

— saineolas Eorpach a fhorbairt agus feasacht a mhúscailt

Leanfaidh cur chun feidhme an réamhbheart seo i 2024-2025. Leis na torthaí ó na gníomhaíochtaí agus ó na chéad tástálacha agus taispeántais san Eoraip, tacófar ansin le creat rialála a fhorbairt ó 2026 ar aghaidh.

**CAIBIDIL PA 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PA 02 24 *(Ar lean.)*

PA 02 24 04 Réamhbheart — Mol II um Shoghluaisteacht Aeir Inbhuanaitheach Nuálach (IAM)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 2 000 000 | 500 000 | | |

*Barúlacha*

Cuireadh threoirthionscadal PP 02 22 02 chun feidhme ag an gCoimisiún 'Lámhleabhar cuimsitheach maidir le héiceachóras áitiúil um Shoghluaisteacht Aeir Uirbeach (UAM) a thógáil san Eoraip: An Mol um Shoghluaisteacht Aeir Nuálach (IAM)'.

Is gníomhaíocht shuaitheanta an treoirthionscadal sin faoi theachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Samhain dar teideal 'Straitéis maidir le Dróin 2.0 le haghaidh Éiceachóras Aerárthaí Cliste agus Inbhuanaithe gan Foireann san Eoraip' (COM(2022) 652 final). Cuireadh tús leis an gcur chun feidhme an mhí chéanna agus é mar chuspóir leis an chéad leagan den ardán a sholáthar faoi dheireadh 2023 le haghaidh tástála.

Is é an cuspóir foriomlán cur chun feidhme sábháilte, slán, éifeachtúil agus inbhuanaithe IAM a chumasú san Eoraip mar a fhoráiltear i Straitéis Dróin 2.0 trí ardán idirghníomhach ar líne ('Mol IAM') a sholáthar d'éiceachórais IAM.

Go háirithe, tá an méid seo a leanas á dhéanamh leis an treoirthionscadal faoi láthair

— riachtanais úsáideoirí a ghabháil ó éiceachóras IAM

— na ceanglais fheidhmiúla agus theicniúla a shainiú

— an struchtúr sonraí a shainiú

— inneachar tosaigh an chórais a shainiú maidir le sábháilteacht, príobháideachas, torann agus inbhuanaitheacht.

Ina theannta sin, áirítear leis an treoirthionscadal rialachas cuimsitheach páirtithe leasmhara ('Tascfhórsa Mhol IAM') le príomhghníomhaithe ó éiceachóras IAM (oibreoirí, monaróirí, aerfoirt, oibreoirí ingearfort, NAAnna agus bardais).

Bunaithe ar thorthaí dearfacha cur chun feidhme an treoirthionscadail agus ar an aiseolas tosaigh ó Thascfhórsa na nGeallsealbhóirí, d'fhágfadh réamhbheart leantach go bhféadfaí an tionscadal a fhorbairt tuilleadh chun leas díreach saoránaigh an Aontais agus an tionscal IAM atá ag teacht chun cinn. Tá ról ceannasach ag an Aontais sa tionscal sin amach anseo. Is féidir le Mol IAM cuidiú leis an gceannaireacht sin a choinneáil trí chur chun feidhme rianúil a cheadú ar gach leibhéal den éiceachóras.

Is mar seo a leanas a bheadh príomhchuspóirí an réamhbheart:

— inrochtaineacht agus feidhmiúlachtaí an chórais a leathnú chun bardais agus úsáidí eile

**CAIBIDIL PA 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PA 02 24 *(Ar lean.)*

PA 02 24 04 *(Ar lean.)*

— na sineirgí idir EASA agus Údaráis Náisiúnta Eitlíochta a mhéadú.

— na sineirgí le tionscnaimh eile de chuid an Aontais a mhéadú e.g. CIVITAS (City-Vitality-Sustainability i.e. Clár Iompair Soghluaisteachta Líonra Cathrach-Urbach arna dhéanamh ag an gCoimisiún laistigh den Aontas agus níos faide i gcéin), tionscadail SESAR.

— an bonn dlíthiúil de Mhol IAM a shainiú mar mhodh le haghaidh comhair san éiceachóras lena n-éascaítear comhlíonadh na rialachán maidir le Dróin/eVTOLanna chomh maith le saincheisteanna sábháilteachta, comhshaoil, cibearshlándála agus torainn.

Ba cheart don réamhbheart tairbhe a bhaint as imeachtaí ard-infheictheachta (e.g. Cluichí Oilimpeacha an Gheimhridh 2026 in Milano) agus an méid a fhoghlaimítear a chomhtháthú sa chóras.

PA 02 24 05 Réamhbheart — An Chomhghuaillíocht Eorpach Ghlas Dhigiteach ag dul i mbun gnímh

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 2 000 000 | 500 000 | | |

*Barúlacha*

Sainaithníodh an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach mar réimse beartais tosaíochta chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus cuspóirí na Straitéise Eorpaí Digití araon a bhaint amach mar a léirítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal 'Todhchaí dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú' (COM(2020) 67 final), sa Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití a bhunú COM((2022) 27 final) agus i gCinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear anClár Beartais don Deacáid Dhigiteach (2030 (IO L 323, 19.12.2022, lch. 4).

Is é acmhainneacht na réiteach digiteach astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda a laghdú 20 %, má dhéantar iad a dhearadh, a úsáid agus a rialú i gceart. Ar na céimeanna is gá chun an acmhainneacht sin a bhaint amach tá

(i) meadarachtaí chun glantionchar an digitithe a chainníochtú mar aon le treoirlínte chun an cumasú digiteach a uasmhéadú, is é sin, meadarachtaí eolaíochtbhunaithe chun tionchar comhshaoil an digitithe a thomhas. Tá meadarachtaí den sórt sin ríthábhachtach chun treoirlínte a fhorbairt tuilleadh maidir le forbairt, cur chun feidhme agus rialachas comhsheasmhach ar 'réitigh dhigiteacha ghlasa' lena n-uasmhéadaítear na tairbhí inbhuanaitheachta agus lena n-íoslaghdaítear éifeachtaí diúltacha (athfhillteach).

BEARTA ULLMHÚCHÁIN

**CAIBIDIL PA 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PA 02 24 *(Ar lean.)*

PA 02 24 05 *(Ar lean.)*

(ii) na meadarachtaí agus na treoirlínte seo a ghlacadh agus a úsáid ag gach earnáil de gheilleagar an Aontais. Tacófar le príomhearnálacha ár ngeilleagair ina n-iarrachtaí digitithe leis na treoirlínte saincheaptha dá n-earnáil maidir le conas réitigh dhigiteacha ghlasa a imscaradh. Úsáidfear na meadarachtaí chun na tairbhí (e.g. astaíochtaí seachanta) a chainníochtú ionas gur féidir tacú leis na hearnálacha sin ina gconairí glan-nialasacha atá beartaithe agus an dul chun cinn a thuairisciú dá réir. Cuideoidh cláir thiomnaithe uile-Aontais amhail Clár Beartais don Deacáid Dhigiteach (CBDD) freisin le réitigh agus bonneagair dhigiteacha inbhuanaithe a imscaradh sna Ballstáit ar scála agus tacóidh siad leis na hiarrachtaí sin trí uas-sciliú cuí a dhéanamh ar an lucht saothair.

(iii) Bunaithe ar fhianaise mhórscála na dtairbhí sin, chun tacú leis an earnáil airgeadais agus le soláthróirí poiblí, ní mór eochairtháscairí feidhmíochta (KPInna) agus meadarachtaí soiléire agus comhsheasmhacha a fhorbairt le haghaidh maoiniú inbhuanaithe na réiteach digiteach glas sin chomh maith le critéir le haghaidh soláthairtí poiblí glasa, faoi seach. Bainfidh mórchláir agus mórthionscnaimh de chuid an Aontais amhail NextGenerationEU agus Clár Beartais don Deacáid Dhigiteach tairbhe as na meadarachtaí sin freisin.

Chun aghaidh a thabhairt ar phointe (i), chinn Parlaimint na hEorpa as a stuaim féin in 2021, tar éis na conclúide ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 dar teideal 'Digitiú ar mhaithe leis an gcomhshaol', treoirthionscadal PE a iarraidh. Ghlac an Coimisiún Eorpach leis an togra seo agus sheol sé reoirthionscadal dhá bhliain 'An Chomhghuaillíocht Eorpach Ghlas Dhigiteach (EGDC)' a thosaigh i lár mhí na Nollag 2021. Is é is aidhm don treoirthionscadal sin tacú le Comhaltaí na Comhghuaillíochta Eorpaigh Digití Glaise, a sheol an Coimisinéir Breton i mí an Mhárta 2021. Eadhon, modheolaíochtaí measúnaithe eolaíochtbhunaithe (meadarachtaí, KPInna) a fhorbairt chun glantionchar comhshaoil na réiteach digiteach a chainníochtú, agus treoirlínte a fhorbairt do gheallsealbhóirí i mórearnálacha eacnamaíocha chun na modhanna sin a úsáid go comhsheasmhach. Tá coinne leis go bhforbrófar an mhodheolaíocht a bheidh bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha, chomh maith leis na treoirlínte faoi dheireadh 2023 nó go luath in 2024. Tá 37 mórchuideachta TFC, 45 FBM agus go leor comhpháirtithe tacaíochta i gceist le ballraíocht EGDC.

Tá réamhbheart chun aghaidh a thabhairt ar phointí (ii) agus (iii) tríd an gComhghuaillíocht Eorpach Ghlas Dhigiteach a leathnú chun gníomhaithe earnála ó earnálacha fuinnimh, iompair, tógála, talmhaíochta agus earnálacha móra eile a chur san áireamh, ar earnálacha iad a úsáidfidh réitigh dhigiteacha leis an treoir a forbraíodh in EGDC agus a dhéanfaidh faireachán ar na tairbhí a bhaineann leis na modhanna caighdeánaithe arna bhforbairt ag EGDC.

Go háirithe, déanfaidh an réamhbheart sin an méid seo a leanas:

1. Teagmháil a dhéanamh le 30 mórghníomhaí earnála ar a laghad amhail gníomhaithe móra eacnamaíocha san Aontas sna hearnálacha thuasluaite chun réitigh dhigiteacha chruthaithe a úsáid ar scála le tacaíocht ó na treoirlínte earnála sonracha agus faireachán comhsheasmhach a dhéanamh ar ghlantionchar comhshaoil an digithe sin. Mar sprioc, déanfaidh réamhbheart laghdú gigeathonna amháin ar a laghad ar CO2 atá cumasaithe go digiteach a bhaint amach, faoi dheireadh réamhbheart, más féidir sin ar chor ar bith;

2. Teagmháil a dhéanamh le hinstitiúidí airgeadais ar a laghad agus leis an leibhéal idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnach agus áitiúil chun KPInna simplí a ghlacadh lena gceadófar maoiniú inbhuanaithe a dhéanamh ar dhigitiú a chruthaíonn go bhfuil tionchar dearfach aige ar an gcomhshaol agus ar an aeráid.

**CAIBIDIL PA 02 — INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EORPACHA** *(Ar lean.)*

PA 02 24 *(Ar lean.)*

PA 02 24 05 *(Ar lean.)*

3. Critéir theicniúla agus modhanna fíorúcháin atá soiléir agus simplí a fhorbairt mar thogra le haghaidh thacsanomaíocht an Aontais nuair a bheidh Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile (IO L 442, 9.12.2021, lch. 1) faoi réir athbhreithniú, agus chun tacú le critéir uile-Aontais a fhorbairt maidir le soláthar poiblí glas;

4. Ag tabhairt faoi thionscnaimh chomhchosúla chomhlántacha amhail 'Digitiú de réir cuspóra' agus CODES chun a áirithiú go leanfar leis an réamhbheart seo amach anseo, leis an inbhuanaitheacht agus leis an tionchar domhanda a bheidh aici;

5. Teagmháil a dhéanamh le pobail áitiúla agus le húdaráis áitiúla chun gur féidir leo na meadarachtaí agus an mhodheolaíocht a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil.

Ní hamháin go mbeidh réamhbheart agus geallsealbhóirí ingearacha sa réamhbheart EGDC sin, ach beidh FBManna, lucht ceaptha beartas ó ionadaithe áitiúla agus réigiúnacha, eagraíochtaí gairmiúla agus eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil ann freisin. Tógfar timpeallacht chomhoibríoch agus iontaofa chun measúnú agus faireachán a dhéanamh ar na gealltanais agus ar a gcur chun feidhme, chun dea-chleachtais a chomhroinnt agus chun a bheith in ann dul i méid in earnálacha eile agus i réigiúin eile ar fud an domhain. Ag tógáil ar an treoirthionscadal, maoineofar le buiséad an réamhbhirt rúnaíocht atá tiomnaithe do chur chun feidhme an Réamhbhirt. Bheadh leanúnachas leis an Rúnaíocht reatha oiriúnach, go háirithe dá bhféadfaí síneadh a chur le conradh an ghlao ar thairiscintí chun tréimhse an réamhbhirt a chumhdach.

Eagróidh an réamhbheart imeachtaí ardleibhéil faoi choimirce Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin, i gcomhar le comhpháirtithe áitiúla. Féadfar na himeachtaí sin a reáchtáil i mBallstáit éagsúla, agus iad ag díriú ar phríomhréimsí beartais a nascann an Comhaontú Glas don Eoraip le straitéisí nua digiteacha agus tionsclaíocha an Aontais. Ba cheart na himeachtaí a shruthú ar an ngréasán chun cumhdach leathan poiblí agus inrochtaineacht le haghaidh a oiread saoránach Eorpach agus is féidir a áirithiú. Chuirfeadh torthaí na n-imeachtaí le forbairt beartais agus le meastóireacht ar leibhéal an Aontais agus níos faide i gcéin.

**CAIBIDIL PA 03 — AN MARGADH AONAIR**

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go maoineofar cur chun feidhme beart ullmhúcháin i raon feidhme CFAE agus Chonradh Euratom, arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn bearta a ghlacadh sa todhchaí. Comhfhreagraíonn a n-iomlán leis an leibhéal leithreasuithe a léirítear faoi Airteagal 03 20 02.

**CAIBIDIL PA 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***PA 03 18*** ***2018***

PA 03 18 02 Beart ullmhúcháin — World Bridge Tourism (Turasóireacht i ndáil le Droichid an Domhain)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 295 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 03 18 04 Beart ullmhúcháin — An nuachóiriú tionsclaíochta a bhrostú tríd an tacaíochta le haghaidh saoráidí taispeána uile-Eorpacha a fheabhsú — priontáil 3T

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 239 706,36 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 03 18 05 Beart ullmhúcháin — Cir©Lean: Líonra cumasúcháin gnó le haghaidh FBManna san Aontas chun deiseanna gnó sa gheilleagar ciorclach a úsáid

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 476 540,— |

**CAIBIDIL PA 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PA 03 18 *(Ar lean.)*

PA 03 18 05 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

***PA 03 19 2019***

PA 03 19 01 Beart ullmhúcháin — An dífhostaíocht i measc daoine óga a laghdú — comharchumainn a bhunú chun deiseanna oibre san Aontas a fheabhsú

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 405 190,04 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

***PA 03 20 2020***

PA 03 20 01 Beart ullmhúcháin — Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga Domhanda / Ceannaireacht a Bhaint amach i nDeiseanna Fiontraíochta agus Comhair

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 598 340 | p.m. | 797 786 | 0,— | 394 825,62 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

**CAIBIDIL PA 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PA 03 20 *(Ar lean.)*

PA 03 20 02 Beart ullmhúcháin — Tástáil neamhspleách ar astaíochtaí i bhfíorchoinníollacha tiomána (RDE) ar an mbóthar chun faisnéis agus trédhearcacht leathan a áirithiú le haghaidh faireachas margaidh níos fearr

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 399 872,40 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 03 20 04 Beart ullmhúcháin — Faireachlann an Aontais maidir le Coireanna Cánach agus Airgeadais — Fothú acmhainneachta chun tacú le ceapadh beartas an Aontais i réimse an chánachais

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 900 000 | p.m. | 600 000 | 1 200 000,— | 489 421,98 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 03 20 05 Beart ullmhúcháin — Difríochtaí líomhnaithe ar cháilíocht na dtáirgí a dhíoltar sa mhargadh inmheánach a mheasúnú

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

**CAIBIDIL PA 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

### *PA 03 21 2021*

PA 03 21 01 Beart ullmhúcháin — Modhanna stiúdta neamh-dhochma a fhorbairt le haghaidh na muc

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 467 922 | p.m. | p.m. | 0,— | 935 843,49 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

### *PA 03 22 2022*

PA 03 22 01 Beart ullmhúcháin – Anailís ar astaíochtaí saolré GCT ó fhoirgnimh AE

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 449 805 | p.m. | 450 000 | 1 499 350,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

Is iad foirgnimh is cúis le tuairim is 40 % d’ídiú fuinnimh an Aontais agus 36 % d’astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) mar gheall ar a n-ídiú fuinnimh. I gcaitheamh a saolré ar fad, áfach, ídíonn siad níos mó fuinnimh ná sin. Meastar gurb ionann astaíochtaí GCT i saolré foirgneamh faoi láthair agus thart ar 50 % d’iomlán astaíochtaí GCT an Aontais, ach níl aon fhigiúr beacht ann ar leibhéal an Aontais.

Dá bhrí sin, ba cheart an coincheap maidir le ‘carbón saolré iomláin’ a bheith ag foirgneamh a úsáid chun méid iomlán na n-astaíochtaí carbóin idir oibríochtúla agus chorpraithe a mheas go hiomlán ar feadh a shaolré. Tá ceithre phríomhchéim ann: táirgeadh, próiseas tógála, oibriú agus deireadh saoil.

Tá sonraí ar fáil faoi astaíochtaí ó thionscail a bhaineann le foirgníocht (e.g. monarú cruach agus gloine), ach níl sa mhéid sin ach cuid amháin den scéal iomlán agus tá cineálacha cur chuige eile ann atá ábhartha freisin maidir leis na hastaíochtaí GCT ó fhoirgnimh a thuiscint go hiomlán. I measc na samplaí tá mianadóireacht uirbeach agus athúsáid táirgí foirgníochta, úsáid níos éifeachtúla a bhaint as spásanna tógtha, gníomhaíocht chun saol seirbhíse foirgneamh a fhadú, agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as ábhair ísealcharbóin. Gan scála beacht na saincheiste ar fud éiceachóras na foirgníochta ar fad a thuiscint, tá sé deacair freagairtí beartais éifeachtacha a cheapadh, rud lena mbainfí uaslaghduithe GCT amach ar bhealach costéifeachtach.

BEARTA ULLMHÚCHÁIN

**CAIBIDIL PA 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PA 03 22 *(Ar lean.)*

PA 03 22 01 *(Ar lean.)*

Tá foinsí éagsúla sonraí féideartha ann trína bhféadfaí staidéar a dhéanamh chun meastachán ar astaíochtaí corpraithe ó fhoirgnimh ar leibhéal an Aontais a ríomh. De ghnáth, d'éileofaí le ríomh den sórt sin meastacháin ar mhéid na hoibre foirgníochta a rinneadh, cad iad na hábhair a monaraíodh agus a úsáideadh san fhoirgníocht, na cineálacha foirgneamh a tógadh nó a ndearnadh athchóiriú orthu, achar urláir agus airde/toirteanna na bhfoirgneamh a tógadh, cé chomh fada a iompraíodh na hábhair chuig an láithreán. Ach tá foinsí na sonraí sin éagsúil óna chéile, agus níl ríomhanna den sórt sin déanta ag aon duine ar leibhéal an Aontais ná i bhformhór mór na mBallstát. Chabhródh úsáid típeolaíochtaí foirgneamh tagartha go mór le ríomhanna den sórt sin dhéanamh, agus d'fhéadfadh sí samhaltú cásanna atá bunaithe ar fhoirgnimh thipiciúla a chumasú freisin.

Is é is aidhm don bheart ullmhúcháin seo modheolaíocht a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun sonraí nua agus sonraí atá ann cheana a bhailiú maidir leis na hastaíochtaí corpraithe ó stoc foirgneamh an Aontais.

Agus an beart ullmhúcháin, bainfear úsáid as típeolaíochtaí tógála tagartha chun samhaltú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

— pictiúr iomlán d'astaíochtaí corpraithe CGT reatha ó stoc foirgneamh an Aontais, agus

— tionchar cásanna ina bhfuil méadú ar ghníomhaíocht, amhail rátaí luathaithe athchóirithe agus glacadh cineálacha cur chuige níos ciorclaí san fhoirgníocht.

Leis an mbeart ullmhúcháin, bainfear úsáid as foinsí éagsúla sonraí atá ar fáil ó thionscnaimh náisiúnta atá ann cheana, agus déanfar measúnú ar a úsáidí atá foinsí sonraí eile. I measc na samplaí d'fhoinsí den sórt sin tá Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh, an Fhaireachlann Eorpach um Earnáil na Foirgníochta, Eurostat, sonraí náisiúnta (mar shampla maidir le tithíocht agus aschur foirgníochta), faisnéis atá ar Theastais Feidhmíochta Fuinnimh (e.g. saintréithe foirgníochta, dátaí foirgníochta nó athchóirithe, achar urláir/toisí foirgneamh), agus obair taighde lena n-áirítear suirbhéanna nua i gcás inar gá.

An toradh a bhfuiltear ag súil leis:

— Na sonraí a bhaileofar ar astaíochtaí corpraithe ó stoc foirgneamh an Aontais, beidh siad mar bhonn d'idirghabhálacha amach anseo, lena n-áirítear reachtaíocht, i réimsí na héifeachtúlachta acmhainní, na mbeartas fuinnimh agus na mbeartas aeráide, agus beidh siad ina n-acmhainn luachmhar le haghaidh tuilleadh taighde.

— Leis an mbeart ullmhúcháin, forbrófar modheolaíocht chun foinsí sonraí atá ann cheana maidir le foirgnimh ina gcorpraítear carbón a chomhtháthú agus a úsáid, chun bearnaí a shainaithint agus agus foinsí nua sonraí a bhailiú, rud a chumasóidh inchomparáideacht agus idir-inoibritheacht sonraí a bhfuil géarghá leo.

— Ar an gcaoi sin, soláthrófar leis sonraí nua maidir leis na hastaíochtaí GCT atá corpraithe sna céimeanna éagsúla saolré d'fhoirgnimh, le haghaidh gach Ballstáit ar fud stoc foirgneamh an Aontais.

Rannchuidiú le reachtaíocht an Aontais:

— Rannchuideoidh an beart ullmhúcháin go mór leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus lena chuspóirí maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú san earnáil tógála.

**CAIBIDIL PA 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PA 03 22 *(Ar lean.)*

PA 03 22 01 *(Ar lean.)*

— Cuirfear an beart ullmhúcháin sin san áireamh i ngníomhaíocht an Rabharta Athchóirithe lena ndéanfar 'Treochlár feidhmíochta 2050 don tsaolré iomlán a fhorbairt chun astaíochtaí carbóin ó fhoirgnimh a laghdú agus chun tagarmharcáil náisiúnta a chur chun cinn leis na Ballstáit', treochlár atá le bheith ann faoi 2023.

— Bainfidh Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle (IO L 88, 4.4.2011, lch. 5), Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3) agus Treoir 2010/31/AE ón gComhairle Eorpach Pharlaimint agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13) tairbhe as torthaí an bhirt ullmhúcháin seo.

— D'fhéadfaí foráil a dhéanamh amach anseo do reachtaíocht nua chun dul i ngleic go sonrach le hastaíochtaí saolré uile fhoirgnimh an Aontais.

PA 03 22 02 Beart ullmhúcháin — Córas a fhorbairt chun fad eireaball muc agus loit eireaball muc a thomhas go huathoibríoch ar an líne maraithe

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 450 000 | 1 500 000,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

In ainneoin iarrachtaí substaintiúla a rinne an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa faisnéis agus dea-chleachtas a scaipeadh maidir le muca a choinneáil agus eireabaill iomlána acu, is gnáthchleachtas fós eireabaill a sciotadh i bhformhór na mBallstát, de shárú ar Threoir 2008/120/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun muca a chosaint (IO L 47, 18.2.2009, lch. 5) . Chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo chomhlíonadh fhorálacha na Treorach sin, tá sé ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar bhealach iontaofa agus costéifeachtúil ar leibhéil an sciota eireaball agus na lot eireaball i ngach feirm muice. Beidh na sonraí sin an-úsáideach chun críocha comhairleacha, chun críocha tagarmharcála agus, b'fhéidir, chun críocha forfheidhmithe. Trí fhad eireaball muc agus loit eireaball ag an seamlas a bhrath go huathoibríoch, cuirtear uirlis ar fáil arb í an uirlís is mó a bhfuil gealladh fúthu chun faireachán aonfhoirmeach agus cothrom a dhéanamh ar riocht eireaball thar sheamlais éagsúla agus thar Bhallstáit éagsúla. Tá sé i gceist ag lucht roinnt seamlas agus ag roinnt Ballstát córais uathoibrithe a ghlacadh chun scór a thabhairt d'fhad eireaball muc agus do dhamáiste a dhéantar d'eireabaill muc tráth an mharaithe, ach go dtí seo meastar nach mbeadh an toradh ar infheistíocht sách ard, go háirithe ós rud é nach bhfuil aon chóras réidh le haghaidh a chur i bhfeidhm tráchtála.

**CAIBIDIL PA 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PA 03 22 *(Ar lean.)*

PA 03 22 02 *(Ar lean.)*

Is é a bheidh sa réamhbheart seo comhiarracht idir taighdeoirí, rialtais, comhpháirtithe tionscail agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ar fud na mBallstát, chun córas bailíochtaithe, comhchuibhithe agus cothrom a bhaint amach le haghaidh fad eireaball agus lot eireaball a mheas trí loit a thomhas go huathoibríoch ag an seamlas. Is é a bheidh ann ná na pacáistí oibre seo a leanas: a) córas uathoibrithe a fhorbairt, a chalabrú agus a thástáil, ar córas é a bheidh bunaithe ar anailís ar phíosaí scannánaíochta ceamara i seamlais lena mbaineann dálaí éagsúla agus léibhéil éagsúla sciota eireaball; b) na bogearraí a fhorbairt chun an córas a cheangal le córas TFC na seamlas rannpháirteach, agus na sonraí a thiontú go huathoibríoch ina dtuarascálacha; c) an córas a bhailíochtú agus na torthaí a chur i gcomparáid le foinsí sonraí eile, amhail measúnachtaí amhairc a dhéanann measúnóirí oilte; d) feidhmiúlacht agus tionchar an chórais (lena n-áirítear na costais) a mheasúnú trí na torthaí a phlé leis na geallsealbhóirí ábhartha agus e) an córas a phíolótú i gcleachtas, ar an gcéad dul síos mar chúnamh d'fheirmeoirí chun a mbainistíocht feirme a mhionchoigeartú tuilleadh chun nach mbainfeadh muca greamanna as eireabaill a chéile agus chun sciotadh eireaball a sheachaint.

PA 03 22 03 Beart ullmhúcháin — Uirlisí a fhorbairt do dhigitiú na n-údarás um fhaireachas margaidh

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 314 286 | p.m. | 450 000 | 900 000,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

Is é is cuspóir don bheart ullmhúcháin seo tacú le giaráil na nuateicneolaíochtaí chun feabhas a chur ar ghníomhaíochtaí faireachais margaidh, agus freisin d'fhonn na dúshláin a bhaineann le nuateicneolaíochtaí agus le ríomhthráchtáil a shárú. Ag tógáil ar an tionscadal píolótach 'Measúnú ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le gníomhaíochtaí faireachais margaidh maidir le nuateicneolaíochtaí agus an slabhra soláthair digiteach' agus ar an staidéar deiridh dá chuid, is é is aidhm don réamhbheart seo cuidiú le teicneolaíochtaí atá á bhforbairt, lena n-áirítear an intleacht shaorga, ar teicneolaíochtaí iad lena mbaineann an acmhainneacht is airde maidir le tacú le húdaráis faireachais margaidh ina gcuid cúraimí laethúla. Sampla amháin is ea uirlis a fhorbairt le haghaidh rialú a dhéanamh ar chomhlíonadh rianaithe táirgí, rud a chuirfidh ar chumas na n-údarás faireachais margaidh an fhaisnéis faoi tháirgí is gá a fháil go digiteach chun a n-iniúchtaí a dhéanamh trí úsáid a bhaint as córas scanta a léifidh an t-aitheantas táirge. Is féidir leis an mbeart ullmhúcháin cabhrú freisin le forbairt na gcóras faireachais ríomhthráchtála a mhaoiniú.

**CAIBIDIL PA 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PA 03 22 *(Ar lean.)*

PA 03 22 04 Beart ullmhúcháin — Bunús a shuíomh do chomhbheartas turasóireachta

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 1 500 000 | p.m. | 1 000 000 | 4 000 000,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

Is é raon feidhme an bhirt ullmhúcháin seo tograí a ullmhú d'fhonn gníomhaíochtaí dhéanfar amach anseo a ghlacadh chun bunús a chruthú do chomhbheartas turasóireachta amach anseo, ag tógáil ar an obair atá á déanamh i gcomhthéacs an tionscadail phíolótaigh maidir le cáilíocht na cóiríochta turasóireachta.

Ní mór beartas turasóireachta Eorpach cuimsitheach a fhorbairt a thacóidh le cruthú Aontas Turasóireachta na hEorpa; Éascófar an turasóireacht leis an mbeartas sin chun go mbeidh sí ag teacht leis an gClár Oibre Digiteach agus leis an gComhaontú Glas.

Chun bonn a chruthú do chomhbheartas turasóireachta, breathnófar leis an mbeart ullmhúcháin ar roghanna chun ionstraimí éagsúla a fhorbairt maidir leis na nithe seo a leanas: bunachair sonraí do lucht déanta beartas, comhroinnt dea-chleachtas, tacaíocht theicniúil agus riaracháin do FBManna turasóireachta, éagsúlú an táirge turasóireachta Eorpaigh amhail turasóireacht chultúrtha agus inbhuanaithe, an agrathurasóireacht, turasóireacht fiadhúlra, éiceathurasóireacht, rialacha comhchoiteanna le haghaidh na róthurasóireachta, sásra bainistithe géarchéime, comhchuibhiú na rialacha náisiúnta agus na reachtaíochta náisiúnta do gach gníomhaíocht turasóireachta lena n-áirítear scileanna agus cáilíochtaí, scéim Eorpach do ráthaíochtaí taistil, an branda Eorpach a chur chun cinn i dtríú tíortha

Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin:

— clár oibre turasóireachta a fhorbairt bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó easnaimh a nochtadh le paindéim COVID-19;

— cód dea-chleachtais a bhunú maidir le córais rátála réalta d'óstáin;

— feasacht na dtomhaltóirí a mhéadú maidir le neamhréireachtaí idir na córais rátála réalta d'óstáin agus idir rátáil réalta agus cáilíocht na seirbhísí;

— comhchreat d'ardáin chóiríochta ar líne a bhaineann le líon agus formáid na faisnéise arna soláthar ag na geallsealbhóirí;

— comhchreat d'ardáin chóiríochta ar líne chun a chur ar chumas na dtomhaltóirí na rátálacha agus na léirmheasanna a chomhcheangal agus óstáin éagsúla a chur i gcomparáid lena chéile;

— uirlis ar líne chun léirmheasanna custaiméirí agus rátálacha réalta a chomhcheangal;

**CAIBIDIL PA 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PA 03 22 *(Ar lean.)*

PA 03 22 04 *(Ar lean.)*

— creat comhroinnte a bhunú maidir le critéir agus nósanna imeachta le haghaidh córais rátála réalta d'óstáin ar leibhéal an Aontais;

— ardán il-gheallsealbhóra a chruthú chun a chur ar chumas custaiméirí meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhísí a thairgtear bunaithe ar léirmheasanna agus scéimeanna rátála tomhaltóirí.

PA 03 22 05 Beart ullmhúcháin — Oibríocht na Saotharlainne um Thurasóireacht sa Todhchaí (Saotharlann 'To of To')

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 750 000 | 3 000 000,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

Tá sé mar aidhm ag an tSaotharlann um Thurasóireacht sa Todhchaí (To of To Lab) 'Ionad intleachta gnó na hEorpa don Turasóireacht' a chruthú. Is comhpháirtíocht Eorpach phoiblí agus phríobháideach í ina bhfuil réigiúin, cinn scríbe, soláthraithe taistil teicneolaíochta, cuideachtaí taistil agus gníomhairí eile. Ardán comhair idir cinn scríbe agus do gheallsealbhóirí turasóireachta Eorpacha le soláthraithe sonraí (mórshonraí, idirghabhálaithe).

Ó bhris an ráig amach, tá an tionscadal seo níos riachtanaí fós ó thaobh bainistiú a dhéanamh ar thionchair na paindéime agus ar théarnamh na turasóireachta de, chomh maith le dearadh athghiniúint na turasóireachta iar-phaindéime. Ach na huirlisí cearta a bheith ann chun tionchar COVID-19 ar earnáil na turasóireachta a mheas, beifear in ann cinn scríbe a ullmhú i leith cásanna féideartha; Chomh luath a thuigfidh lucht na gceann scríbe na cásanna éagsúla atá rompu, is fiú forbairt na bpríomh-bhunmhargaí turasóireachta a thástáil agus comharthaí athghníomhachtaithe a bhrath go tapa ar an leibhéal domhanda, ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach nó fiú ar an leibhéal áitiúil.

Leis an bpróiseas cinnteoireachta, déantar sonraí traidisiúnta a chomhtháthú cheana féin ach déantar é sin fós ar bhealach an-teoranta, áfach (de réir diagnóisiú tosaigh, gníomhaíocht beartais sonrach, anailís deiridh). Thairis sin, ó thaobh mórshonraí de, bíonn ardchostas ag gabháil le roinnt mhaith de na réitigh atá ar fáil ina leith, teastaíonn bonneagar teicniúil agus teastaíonn foireann theicniúil ardoilte, ní hamháin chun an méid ollmhór sonraí a chomhiomlánú le go mbeidh siad inléite, ach teastaíonn anailísithe sonraí freisin atá in ann ciall a bhaint as na sonraí sin. Bíonn mórshonraí ilroinnte agus éilítear leo obair normatach thábhachtach choincheaptha agus thomhais.

Tá an chuid is mó de na heagraíochtaí margaíochta ceann scríbe i mbun caidreamh (tráchtála) le gníomhaithe mórshonraí. Déanfaidh an tSaotharlann um Thurasóireacht sa Todhchaí an caidreamh sin a chomhlánú agus a shaibhriú. Tá go leor réiteach mórshonraí éagsúla á gcur chun feidhme, ach mar gheall ar a gcostas, níl iontu ach taithí 'aonuaire', agus is minic nach n-úsáidtear iad chun fíorfhadhb a réiteach ná chun ceist shonrach a chur.

**CAIBIDIL PA 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PA 03 22 *(Ar lean.)*

PA 03 22 05 *(Ar lean.)*

Tacóidh an beart ullmhúcháin seo le sonraí ilroinnte a chomhiomlánú chun faisnéis iontaofa a sholáthar ar bhealach comhleanúnach, ionas gur féidir na sonraí sin a úsáid chun beartais a cheapadh ar bhonn fianaise.

Dá réir sin, cuirfidh an tSaotharlann 'To of To' seirbhísí ar fáil ar bhealach comhoibritheach mar roinn chomhchoiteann sonraí d'aon cheann scríbe lena mbaineann. Cuirfidh sé spás ar fáil d'iomaíocht chomhoibritheach. Ní stóras sonraí a bheidh ann inar féidir le cinn scríbe mórshonraí nó sonraí traidisiúnta de chineál ar bith a fháil, ach áit ina mbainfear ciall as sonraí traidisiúnta agus mórshonraí le chéile chun fadhbanna saoil iarbhír a réiteach, chun oiriúnú don Chomhaontú Glas don Eoraip, do Dhlí an Aontais maidir leis an Athrú Aeráide, do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) agus teacht chun bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050.

Ina theannta sin, sa tuarascáil maidir le straitéis de chuid an Aontais don turasóireacht inbhuanaithe a bhunú, a ghlac Parlaimint na hEorpa i Márta 2021, iarradh go mbeadh Gníomhaireacht Eorpach Turasóireachta ann san fhadtéarma agus go mbeadh réiteach gearrthéarmach ann – roinn turasóireachta a chruthú i gceann de na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin atá ann cheana. Is é an aidhm atá ann, i measc nithe eile, sonraí a chur ar fáil don Aontas agus do na Ballstáit ionas go mbeidh siad in ann straitéisí eolasacha a chur chun feidhme. Is chéad chéim chun an cuspóir sin a chur chun feidhme atá sa bheart ullmhúcháin seo. Tá sé i gcomhréir freisin leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí agus leis an iarraidh ar an gCoimisiún turasóireacht a ionchorprú sa chreat rialachais le haghaidh spásanna coiteanna sonraí.

Dá bhrí sin, is é a bheidh i gceist leis an mbeart ullmhúcháin ná go mbeifear in ann an tSaotharlann 'To of To' a sheoladh ar bhonn oibríochtúil:

1. An fhoireann a earcú;

2. Na húsáideoirí a bhailiú – infheisteoirí agus gníomhaithe poiblí príobháideacha eile ar fud eagraíochtaí margaíochta ceann scríbe agus gníomhaithe teicneolaíochta taistil;

3. An nasc córasach le comhlachtaí staidrimh oifigiúla a áirithiú chun modheolaíocht na Saotharlainne 'To of To' a chur isteach chur isteach sna prionsabail maidir le Tomhas Turasóireachta Inbhuanaithe agus an Córas Eorpach de Tháscairí Turasóireachta atá seanbhunaithe cheana féin;

4. Modheolaíocht chomhchoiteann a chruthú chun comhleanúnachas a shaothrú agus chun tacú le cinn scríbe faireachán a dhéanamh ar SDGanna agus ar an gComhaontú Glas;

5. An mhodheolaíocht a chur chun feidhme trí chleachtadh píolótach lena mbaineann cinn scríbe agus ina n-úsáidtear fíorshonraí.

PA 03 22 06 Beart ullmhúcháin — Trédhearcacht sa soláthar poiblí

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 765 600 | p.m. | 1 000 000 | 2 000 000,— | 234 400,— |

BEARTA ULLMHÚCHÁIN

**CAIBIDIL PA 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PA 03 22 *(Ar lean.)*

PA 03 22 06 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

Caitear méid suntasach infheistíochta poiblí trí sholáthar poiblí, agus baineadh tairbhe as an ríomhsholáthar, agus calaois á comhrac, rud a raibh coigiltis do gach páirtí, trédhearcacht mhéadaithe agus próisis níos giorra mar thoradh air. Sa chomhthéacs sin, céim ríthábhachtach chun tosaigh a bheadh i gcreat Eorpach a chruthú chun trédhearcacht sa soláthar poiblí a fheabhsú. D'fhéadfaí creat den sórt sin a chur chun feidhme trí an suíomh gréasáin Tenders Electronic Daily (TED), lenar féidir rochtain a fháil ar fhógraí soláthair phoiblí cheana féin agus a d'fhéadfadh teacht chun bheith ina uirlis luachmhar chun sonraí soláthair a anailísiú agus a nochtadh (e.g. luachanna conarthaí arna ndámhachtain in aghaidh na tíre, in aghaidh na cuideachta, de réir earnála gníomhaíochta, etc.; ar líon na dtairiscintí in aghaidh an nós imeachta; ar fhaisnéis faoi fhochonraitheoireacht, go háirithe i leith tríú tíortha).

Leis an mbeart ullmhúcháin seo, díreofar ar normalú sonraí, inrochtaineacht agus trédhearcacht a fheabhsú:

— sonraí atá sna fógraí a fhoilsítear a aisghabháil, a phróiseáil agus a stóráil go cuí chun feabhas a chur ar chuardach agus ar ghiniúint le haghaidh tuairisciú réamhshainithe agus saincheaptha;

— léirshamhlú soláimhsithe, soiléir agus féinmhínitheach na sonraí ábhartha in TED a chur chun feidhme, agus úsáid á baint as grafaicí, uirlisí dinimiciúla agus meaisínaistriúchán;

— malartú agus bailíochtú sonraí idir na húdaráis náisiúnta agus TED a uathoibriú tuilleadh chun teorainn a chur le neamhréireachtaí agus earráidí, chun rómhaorlathas a laghdú agus chun athúsáid a éascú;

— tosaíocht a thabhairt d'úsáid faisnéise normalaithe , i.e. liostaí luachanna réamhshainithe seachas tuairiscí saorthéacs, agus úsáid príomh-shainaitheantóirí a chur chun cinn, e.g. ceannaitheoir, díoltóir;

— saineolas a bhailiú chun patrúin a aimsiú agus rialacha a shainiú a bheidh le húsáid i sainchórais uathoibrithe a thógáil chun sárú nó calaois a bhrath bunaithe ar shonraí TED;

— deachleachtais a bhailiú maidir le malartú uathoibríoch sonraí i sreabhadh oibre an tsoláthair laistigh de na Ballstáit agus eatarthu, i gcomhar le húdaráis na mBallstát;

— tionscadail nuálacha a chur chun cinn ar mhaithe le hiomláine, cruinneas, inrochtaineacht agus inléiteacht shonraí TED a mhéadú.

**CAIBIDIL PA 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

***PA 03 23 2023***

PA 03 23 01 Beart ullmhúcháin — modheolaíocht agus caighdeáin inbhuanaitheachta a fhorbairt chun tionchar comhshaoil na gcriptea-shócmhainní a mhaolú

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| p.m. | p.m. | 800 000 | 200 000 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

Tá sé ceaptha leis an mbeart ullmhúcháin atá beartaithe modheolaíocht a fhorbairt chun tionchar aeráide agus comhshaoil na sásraí comhthola a úsáideann criptea-shócmhainní a thomhas agus measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil sé indéanta caighdeáin inbhuanaitheachta comhshaoil a bhunú le haghaidh criptea-shócmhainní d'fhonn gníomh reachtach a ghlacadh amach anseo i réimse na rialála airgeadais maidir le criptea-shócmhainní.

Táthar ag súil go ndíreofar leis an mbeart ullmhúcháin ar na cuspóirí seo a leanas:

(a) modheolaíocht láidir bunaithe ar an eolaíocht a fhorbairt chun tionchar aeráide agus comhshaoil phrótacail an tsásra comhthola a úsáideann criptea-shócmhainní a thomhas, lena n-áirítear critéir cháilíochtúla agus meastacháin chainníochtúla ar mhéid iomlán na n-astaíochtaí carbóin a tháirgtear, ídiú fuinnimh agus acmhainní, agus an dramhaíl leictreonach arna táirgeadh ag líonra iomlán criptea-shócmhainne ar leith agus ag éiceachóras criptea-shócmhainní na criptea-shócmhainní sin ina iomláine, ar an leibhéal domhanda;

(b) mapáil chuimsitheach a dhéanamh ar shásraí comhthola a úsáideann criptea-shócmhainní agus iad a aicmiú i ndáil lena dtionchar aeráide agus comhshaoil, lena n-áirítear anailís ar chomhbhabhtálacha féideartha;

(c) measúnú a dhéanamh ar an tionchar níos leithne ar thosca ESG, go háirithe na seachtrachtaí ábhartha comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta arna nginiúint ag an gcripteabhradaíl, lena n-áirítear an tionchar ar sholáthar sliseanna ardéilimh, truailliú torainn, ídiú leictreachais atá gann chomh maith leis an tionchar agus na rioscaí airgeadais a bhaineann le fóntais chumhachta phoiblí Eorpacha;

(d) rogha mhalartach inbhuanaithe ar an gcripteabhradaíl sa mhargadh agus dea-chleachtais a shainaithint chun prótacail an tsásra comhthola a fhorbairt nach mbeidh chomh dian céanna ar fhuinneamh agus nach ndéanfaidh aon dochar suntasach do chuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais agus do spriocanna fuinnimh an Aontais;

**CAIBIDIL PA 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PA 03 23 *(Ar lean.)*

PA 03 23 01 *(Ar lean.)*

(e) roghanna beartais éagsúla a leagan amach chun tionchar comhshaoil criptea-shócmhainní áirithe a mhaolú agus chun dlús a chur le glacadh réiteach glas malartach;

(f) measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil sé indéanta caighdeáin inbhuanaitheachta a fhorbairt le haghaidh criptea-shócmhainní.

Chun an mhodheolaíocht agus na caighdeáin inbhuanaitheachta a fhorbairt, ba cheart béim ar leith a leagan ar thosca éagsúla a bhaineann le líonra iomlán criptea-shócmhainne, go háirithe ídiú fuinnimh, úsáid fíoracmhainní, an lorg carbóin, aon dramhaíl leictreonach a tháirgtear trí úsáid crua-earraí, struchtúr dreasachta agus dearadh an phrótacail, caipitliú margaidh agus scála oibríochta na gcriptea-shócmhainní lena mbaineann.

Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil an saineolas agus na scileanna go léir is gá ag an gconraitheoir chun an beart ullmhúcháin a chur chun feidhme agus go háirithe chun modheolaíocht bunaithe ar an eolaíoch a fhorbairt. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú freisin go ndéanfar aon chonraitheoirí ag a bhfuil leasanna gairmiúla contrártha cheana nó bhféadfadh leasanna gairmiúla contrártha a bheith acu a eisiamh ón bpróiseas soláthair.

***PA 03 24 2024***

PA 03 24 01 Réamhbheart — Príomhchathair Eorpach na Miondíola (ECSR) a chruthú

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 3 000 000 | 750 000 | | |

*Barúlacha*

Moltar leis an réamhbheart seo Príomhchathair Eorpach Miondíola (ECSR) a chruthú, bunaithe ar shamhail Phríomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste. Cuireadh an smaoineamh ar aghaidh trí achainí chuig Parlaimint na hEorpa agus tacaíonn an Coiste um Achainíocha leis d’aon toil.

Is é is aidhm don réamhbheart luach agus meas ar mhiondíol beag a chur chun cinn agus cur le feasacht chomhchoiteann maidir lena thábhacht eacnamaíoch do phobail áitiúla, go háirithe ó thaobh fostaíochta de, chomh maith lena ról lárnach mar chuid de chreat sóisialta na gceantar uirbeach agus tuaithe. Tá sé d’aidhm aige freisin béim a leagan ar ról an mhiondíola bhig maidir leis an dóigh bheatha Eorpach a chaomhnú, mar aon le samhail, foirm agus croí chathracha agus phobail tuaithe san Aontas, agus a léiriú an chaoi a bhfuil miondíol beag ina chuid thábhachtach den fhéiniúlacht Eorpach.

**CAIBIDIL PA 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PA 03 24 *(Ar lean.)*

PA 03 24 01 *(Ar lean.)*

Is é fócas an réamhbheartdul níos faide ná feasacht a mhúscailt agus gníomhaíochtaí a dhéanamh a mbeadh tionchar buan acu. Ba cheart go spreagfadh an réamhbheart miondíol beag chun digitiú a dhéanamh. Leis an ngníomhaíocht sin, ba cheart go mbeadh miondíol beag in ann glacadh le huirlisí digiteacha dá n-oibríochtaí féin, ina gcaidreamh gnólacht le gnólacht agus ina gcaidreamh le custaiméirí. Ba cheart go dtacódh an ghníomhaíocht freisin leis an aistriú glas i gcás miondíol beag. Maidir leis na gnéithe sin go léir, ba cheart cruthú ECSR a bheith ina chomhlánú ar thionscnamh #RevitaliseRetail an Choimisiúin Eorpaigh. Ar scála níos mó, tugann ECSR aghaidh ar an ngá méadaitheach atá le dlús a chur le haistriú glas agus digiteach gheilleagar an Aontais, a athléimneacht a mhéadú agus tacú lena iomaíochas.

Bhronnfaí an teideal Príomhchathair Eorpach na Miondíola go tréimhsiúil ar chathair Eorpach amháin nó níos mó. Déanfar módúlachtaí an phróisis roghnúcháin a mhionsaothrú tuilleadh.

PA 03 24 02 Réamhbheart — Staidreamh comhchuibhithe dóiteáin mar uirlis chun feabhas a chur ar iarrachtaí uile-Eorpacha i dtaca le sábháilteacht dóiteáin

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 1 500 000 | 375 000 | | |

*Barúlacha*

Is ionann taismigh dóiteáin agus thart ar 2 % de bhásanna tionóisceacha san Aontas (staidéar ón gCoimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá le rialáil laistigh de chreat Rialacháin (AE) 305/2011 maidir le tocsaineacht deataigh a tháirgtear ó tháirgí foirgníochta i ndóiteáin). Sainaithníodh bearna thábhachtach sonraí maidir le sábháilteacht dóiteán agus taismigh dóiteáin i bhfoirgnimh agus easpa modheolaíochta bailithe sonraí de chuid an Aontais i staidéar an Choimisiúin. Tá timpeallacht thógtha chóir shábháilte ar cheann de bhunchlocha na conaire aistrithe le haghaidh tógála a thíolaic an Coimisiún an 15 Márta 2023. Aithnítear sa chonair cineálacha nua rioscaí dóiteáin a eascraíonn as ábhair, táirgí agus teicneolaíochtaí nua a úsáidtear don aistriú glas agus digiteach. Tá sábháilteacht dóiteáin ina gné thábhachtach freisin don rabharta athchóiriúcháin agus tugadh aghaidh uirthi le Treoir 2018/844/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh(IO L 156, 19.6.2018, lch. 75). Tá an easpa sonraí ina bac ar bheartais rathúla agus tá an chéad gharsprioc mhór bainte amach ag EU FireStat chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, Treoirthionscadal a tugadh chun críche in 2022. Is obair leantach é an réamhbheart ar Threoirthionscadal Dóiteáin de chuid EU FireStat ar éirigh leis chun cur chuige comhchuibhithe Aontais maidir le staidreamh dóiteáin a chur chun feidhme.

Le cur chun feidhme threoirthionscadal PP 03 19 03: Bearnaí sonraí a dhúnadh agus an bealach a réiteach d'iarrachtaí sábháilteachta dóiteáin uile-Eorpacha (EU FireStat) bhíothas in ann na spriocanna glactha ar fad agus na cinn a bhí ag teastáil go láidir a bhaint amach:

— an téarmaíocht a úsáidtear agus na sonraí arna mbailiú ag na Ballstáit maidir le teagmhais dóiteáin a mhapáil,

BEARTA ULLMHÚCHÁIN

**CAIBIDIL PA 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PA 03 24 *(Ar lean.)*

PA 03 24 02 *(Ar lean.)*

— téarmaíocht chomhchoiteann agus modh comhcoiteann a mholadh chun na sonraí is gá a bhailiú i ngach Ballstát d'fhonn tacair sonraí fhóinteacha a fháil (bunaithe ar théarmaí agus sainmhínithe caighdeánaithe).

Tacaíonn gach gairmí dóiteáin san Aontas agus údaráis ábhartha ó 19 mBallstát ar a laghad a léirigh spéis ina chur chun feidhme leis an togra forbartha maidir le cur chuige comhchuibhithe de chuid an Aontais chun staidreamh dóiteáin a bhailiú.

Is é is aidhm don réamhbheart tacú leis na húdaráis sin tástáil a dhéanamh ar an gcur chun feidhme praiticiúil agus an obair ullmhúcháin a dhéanamh chun go ndéanfar an modh a rolladh amach ina iomláine agus sonraí a bhailiú go héifeachtach ar leibhéal an Aontais. Leis sin, beifear in ann na bearta agus na beartais is fearr a shainaithint chun sábháilteacht dóiteáin shaoránaigh an Aontais a fheabhsú i ndáil le beartais éagsúla Aontais agus náisiúnta (déantar thart ar 5 000 bás agus an iliomad gortuithe a thaifeadadh fós gach bliain i ndóiteáin foirgneamh sna Ballstáit).

Leis an réamhbheart, beifear in ann freisin tacú le hobair an Ardáin um Malartú Faisnéise Dóiteáin (FIEP), arna reáchtáil ag an gCoimisiún Eorpach, trí thaithí, eolas agus dea-chleachtais a chomhroinnt maidir le sábháilteacht na timpeallachta tógtha ar fud na hEorpa a fheabhsú, agus le hobair Líonra Eolais an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta arna reáchtáil ag an gCoimisiún trí eolas a chomhroinnt idir na Ballstáit uile agus tríú tíortha atá rannpháirteach i Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta.

Leis an réamhbheart, maoineofar an tacaíocht theicniúil do shraith Ballstát lena gcuirfear modheolaíocht EU FireStat chun feidhme ar bhonn píolótach, anailís ar an méid a foghlaimíodh agus feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na modhanna, agus forbairt uirlisí chun sonraí a bhailiú agus a chomhdhlúthú. Tabharfar chun críche é le moltaí maidir leis an méid seo a leanas:

— modheolaíocht chomhchuibhithe deiridh an Aontais

— rolladh amach na modheolaíochta sna Ballstáit uile

— comhdhlúthú agus bainistiú sonraí ar leibhéal an Aontais.

PA 03 24 03 Réamhbheart — An t-Éiceachóras Turasóireachta a uas-sciliú agus a athsciliú|Mol Eolais Turasóireachta agus Spás Sonraí Turasóireachta

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 1 000 000 | 250 000 | | |

*Barúlacha*

Sa tuarascáil maidir le straitéis de chuid an Aontais a bhunú don turasóireacht inbhuanaithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 24 Márta 2021, iarradh go gcuirfí spás sonraí turasóireachta de chuid an Aontais chun feidhme, a luadh freisin sna Conairí Aistrithe Turasóireachta a chuir an Coimisiún i láthair.

**CAIBIDIL PA 03 — AN MARGADH AONAIR** *(Ar lean.)*

PA 03 24 *(Ar lean.)*

PA 03 24 03 *(Ar lean.)*

I gcomhréir leis an réamhbheart, dar teideal 'An tSaotharlann um Thurasóireacht sa Todhchaí' (PA 03 22 05), is é is aidhm don réamhbheart sin tacú le heagraíochtaí bainistíochta ceann scríbe , FBManna agus geallsealbhóirí turasóireachta eile páirt iomlán a ghlacadh in ullmhú an spáis sonraí turasóireachta agus mhol eolais na turasóireachta trína rochtain a éascú trí uirlisí iomadúla a chruthú. Cuirtear san áireamh sa tionscadal seo freisin an Chomhpháirtíocht Scileanna don Éiceachóras Turasóireachta. Meastar gur céadchéim é an cuspóir sin chun Gníomhaireacht Eorpach um Thurasóireacht a chur chun feidhme amach anseo.

I bhfianaise a bhfuil thuas, tá sé beartaithe ag an réamhbheart seo treoirlínte afhorbairt maidir le conas páirt a ghlacadh agus an Mol Eolais Turasóireachta agus an Spás Sonraí Turasóireachta a úsáid.

**CAIBIDIL PA 04 — AN SPÁS**

*Barúlacha*

*Caibidil Nua*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go maoineofar cur chun feidhme bearta ullmhúcháin i raon feidhme CFAE agus Chonradh Euratom, arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn bearta a ghlacadh sa todhchaí. Comhfhreagraíonn a n-iomlán leis an leibhéal leithreasuithe a léirítear faoi Airteagal 01 20 02.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***PA 04 24*** ***2024***

PA 04 24 01 Réamhbheart — Nuálaíocht cheannródaíoch le haghaidh réitigh lainseála Eorpacha

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 5 000 000 | 1 250 000 | | |

BEARTA ULLMHÚCHÁIN

**CAIBIDIL PA 04 — AN SPÁS** *(Ar lean.)*

PA 04 24 *(Ar lean.)*

PA 04 24 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé i gceist leis an ngníomhaíocht tacú le forbairt thapa nuálaíochtaí ceannródaíocha a d'fhéadfadh todhchaí na rochtana ar an spás a athrú ó bhonn agus feabhas a chur ar iomaíochas thionscal spáis na hEorpa. Is gné fhíor-riachtanach den éiceachóras spáis í rochtain ar an spás, nach bhfuil aon bheartas spáis de chuid an Aontais ann dá uireasa, rud a thacaíonn le go leor tosaíochtaí polaitiúla.

Díreoidh an an réamhbheart ar na cuspóirí seo a leanas:

— Forbairt nuálaíochtaí ceannródaíocha le haghaidh réitigh lainseála Eorpacha a chumasú, agus modh cur chun feidhme nuálach á ghlacadh ag an am céanna, trí thacú le timthriallta forbartha éagsúla na teicneolaíochta agus trí thoilteanas úsáid nithiúil a bhaint as na teicneolaíochtaí sin a léiriú ar lainseálaithe amach anseo.

— An tionscnamh ón tionscal a éascú chun teicneolaíochtaí suaiteacha a mholadh. Ba cheart don tionscal réitigh nuálacha a mholadh don chéad ghlúin eile de rochtain níos saoire, níos inbhuanaithe, níos solúbtha agus níos athléimní ar an spás. Ba cheart dóibh é sin a dhéanamh trí dhíriú ar nuálaíochtaí uaillmhianacha nach bhfuil ar fáil go fóill, agus dul níos faide ná an úrscothacht sna píblínte idirnáisiúnta le haghaidh rochtain ar an spás.

Ba cheart an réamhbheart a chur chun feidhme trí chur chuige forásach le haghaidh glaonna iomaíocha, ag tosú le céim don chruthúnas coincheapa in 2024.

Sa chéad chéim sin, ba cheart don Choimisiún glao oscailte a sheoladh chun deontais a shainaithint agus a shannadh chun staidéar ar chruthúnas coincheapa a dhéanamh le haghaidh gach ceann de na cúig nuálaíocht is suaití agus is ceannródaíche.

Mar obair leantach ar an méid sin, d'fhéadfaí réamhbheart ina dhiaidh sin a bhreithniú in 2025, chun na trí nuálaíocht is fearr a sainaithníodh sa chéim roimhe sin a roghnú, agus chun deontais a shannadh dá bhforbairt teicneolaíochta.

Faoi láthair, ní ann d'aon chlár tiomnaithe de chuid an Aontais maidir le rochtain ar spás, ná níl aon chlár den sórt sin ar na bacáin. Cuirtear rochtain áirithe ar ghníomhaíochtaí spáis lena dtacaítear le taighde & nuálaíocht chun feidhme tríd an gclár Fís Eorpach. Mar sin féin, ní thacaíonn na gníomhaíochtaí sin leis an timthriall forbartha teicneolaíochta ina iomláine le haghaidh rochtain ar an spás.

Bheadh breisluach ag baint le roinnt teicneolaíochtaí a bheith in iomaíocht lena chéile toisc go mbeadh sé ag gabháil le forbairt agus aibiú na dteicneolaíochtaí is suaití ar fad feadh an timthrialla forbartha suas go dtí seachadadh na samhla eitilte. Ní féidir é sin a dhéanamh trí Chlár Fís Eorpach agus Cláir Spáis an Aontais atá ann faoi láthair. Ar deireadh, d'ullmhódh sé sin an réamhobair do rochtain thiomnaithe a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo ar chlár spáis nó do chomhpháirt thiomnaithe faoi chuimsiú Chlár Spáis an Aontais a bheidh ann amach anseo, lena n-aithneofaí rochtain ar an spás mar phríomhthosaíocht de chuid an Aontais, rud a rachadh chun tairbhe d'úsáideoirí institiúideacha agus tráchtála an Aontais araon.

**CAIBIDIL PA 04 — AN SPÁS** *(Ar lean.)*

PA 04 24 *(Ar lean.)*

PA 04 24 02 Réamhbheart — Críochfoirt nuálacha úsáideoirí le haghaidh na seirbhíse cumarsáide satailíte sláine Eorpaí

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 5 000 000 | 1 250 000 | | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an réamhbheart seo go mbeifear in ann na seirbhísí um nascacht shlán sa spás arna soláthar ag IRIS[2] agus GOVSATCOM a ghlacadh go tráthúil, agus an bhearna i gcumas tionsclaíoch an Aontais a líonadh chun críochfoirt úsáideoirí satailíte ardfheidhmíochta, saor agus slán a fhorbairt.

Tá bearta á gcur chun feidhme ag an Aontas faoi láthair chun nascacht shlán a sholáthar do rialtais agus do shaoránaigh trí shatailít, trí chlár an Aontais um nascacht shlán (IRIS[2]) agus trí chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais. Beidh na seirbhísí sin bunaithe ar ghlúin nua de shatailítí úrscothacha, ag baint úsáide as fithisí, minicíochtaí agus tréithe comharthaíochta nár bhain gníomhaithe tionscail na hEorpa úsáid astu go fóill. Dá bhrí sin, tá úsáid éifeachtach seirbhísí den sórt sin ag brath ar chríochfoirt úsáideoirí agus glacadóirí atá comhoiriúnach leis na saintréithe sin a bheith ar fáil go pras. Tá tábhacht ar leith ag baint le críochfoirt agus glacadóirí den sórt sin le haghaidh *SatCom* Service atá ag teacht chun cinn, agus cumais talún agus *SatCom* á gcur le chéile go rianúil, mar shampla san earnáil mótarfheithiclí.

Dá bhrí sin, is é is cuspóir don réamhbheart seo na dálaí a chruthú do thionscal iomaíoch chun críochfoirt a fhorbairt ar féidir iad a thráchtálú le hiarracht bhreise íosta, lena gcumasófar táirgeadh agus dul i bhfód sa mhargadh agus caighdeáin oscailte a úsáid.

Go háirithe, tacóidh an réamhbheart le cuideachtaí aibíocht a bhaint amach agus plean gnó láidir a bheith acu chun críochfoirt úsáideoirí satailíte ardfheidhmíochta, saora agus slána a chur ar fáil. Bheadh na críochfoirt sin in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

— córais iomadúla agus fithisí a chomhtháthú, lena n-áirítear satailítí neamh-gheochobhsaí in LEO agus b'fhéidir MEO;

— ise na minicíochtaí IRIS[2] (lena n-áirítear Ka-gov);

— a oireann do sheirbhísí tráchtála agus rialtais araon arna soláthar ag IRIS[2];

— líonraí talún, caighdeáin 5G agus feidhmchláir Internet of Things, b'fhéidir, a chomhtháthú;

— foráil a dhéanam do réitigh ó cheann go ceann

— glacadh le gnéithe slán IRIS[2] go léir.

BEARTA ULLMHÚCHÁIN

**CAIBIDIL PA 04 — AN SPÁS** *(Ar lean.)*

PA 04 24 *(Ar lean.)*

PA 04 24 02 *(Ar lean.)*

Má éiríonn leis agus ag brath ar thoradh na chéad bhliana den réamhbheart, d'fhéadfaí an obair leantach a mheas:

— 2024: EUR 5M ar chéim an chruthúnais choincheapa agus ar chéim forbartha cásanna gnó;

— 2025: EUR 10M ar fhorbairt teicneolaíochta do chéim na fréamhshamhla agus na cáilíochta;

— 2026: EUR 10M ar thionsclaíocht agus fréamhshamhaltú tráchtála.

Is iad tionscal iartheachtach an Aontais tairbhithe na gníomhaíochta, lena n-áirítear gníomhaithe spáis nua amhail FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta.

**CAIBIDIL PA 05 — FORBAIRT AGUS COMHTHÁTHÚ RÉIGIÚNACH**

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go maoineofar cur chun feidhme beart ullmhúcháin i réimse cur i bhfeidhm CFAE agus Chonradh Euratom, arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn bearta a ghlacadh sa todhchaí. Comhfhreagraíonn a n-iomlán leis an leibhéal leithreasuithe a léirítear faoi Airteagal 05 20 02.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***PA 05 17 2017***

PA 05 17 01 Beart ullmhúcháin — Straitéis mhacrairéigiúnach 2014-2020: Straitéis an Aontais Eorpaigh le haghaidh réigiún na nAlp

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 213 425,53 |

**CAIBIDIL PA 05 — FORBAIRT AGUS COMHTHÁTHÚ RÉIGIÚNACH** *(Ar lean.)*

PA 05 17 *(Ar lean.)*

PA 05 17 01 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

***PA 05 20 2020***

PA 05 20 01 Beart ullmhúcháin — Seach-chuideachta Líonra Aidriadach-Iónach Ollscoileanna, Réigiún, Comhlachas Tráchtála agus Cathracha

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 360 000 | p.m. | 550 000 | 0,— | 193 190,88 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 05 20 02 Beart ullmhúcháin — Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriadach agus Iónach (EUSAIR): tionscnaimh agus tionscadail a thacaíonn le rialachas il-leibhéil agus comhpháirtíochtaí lena mbaineann breisluach don réigiún a fhorbairt agus a ullmhú

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 140 000 | p.m. | 170 000 | 0,— | 194 904,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

**CAIBIDIL PA 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA**

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go maoineofar cur chun feidhme beart ullmhúcháin i raon feidhme CFAE agus Chonradh Euratom, arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn bearta a ghlacadh sa todhchaí. Comhfhreagraíonn a n-iomlán leis an leibhéal leithreasuithe a léirítear faoi Airteagal 07 20 02.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**PA 07 16** ***2016***

PA 07 16 01 Beart ullmhúcháin — Athghníomhachtú — Clár Soghluaisteachta laistigh den Aontas le haghaidh daoine dífhostaithe os cionn 35 bliana d'aois

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 07 16 02 Beart ullmhúcháin — Fotheidealú ar inneachar teilifíse cultúrtha Eorpach ar fud na hEorpa

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 84 001,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

**CAIBIDIL PA 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

***PA 07 17 2017***

PA 07 17 01 Beart ullmhúcháin — Scéim Ráthaíochta le haghaidh Leanaí / Ráthaíocht Eorpach agus tacaíocht airgeadais le haghaidh leanaí a bhunú

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

***PA 07 18 2018***

PA 07 18 01 Beart ullmhúcháin — DiscoverEU: Pas saorthaistil le haghaidh na nEorpach atá ag slánú 18 mbliana d'aois

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 4 643 000 | 0,— | 22 617 432,83 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 07 18 02 Beart ullmhúcháin — Malartuithe agus soghluaisteacht sa spórt

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 500 000 | 0,— | 290 933,07 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

BEARTA ULLMHÚCHÁIN

**CAIBIDIL PA 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PA 07 18 *(Ar lean.)*

PA 07 18 03 Beart ullmhúcháin — Sportue — Luachanna na hEorpa a chur chun cinn trí thionscnaimh spóirt ar leibhéal bardasachta

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 79 679,87 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 07 18 04 Beart ullmhúcháin — Seinm agus Spreagadh san Eoraip: Ag cur borradh faoi éagsúlacht agus cumas sa cheol san Eoraip

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 253 850 | p.m. | 758 999 | 0,— | 1 440 984,99 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 07 18 05 Beart ullmhúcháin — Faireachán a dhéanamh ar iolrachas na meán sa ré dhigiteach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 537 288,44 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

**CAIBIDIL PA 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PA 07 18 *(Ar lean.)*

PA 07 18 06 Beart ullmhúcháin — Litearthacht sna meáin do chách

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 359 779,01 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 07 18 07 Beart ullmhúcháin — Árais Chultúr na hEorpa

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 187 500 | p.m. | 375 000 | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 07 18 08 Beart ullmhúcháin — Ciste an Aontais um thacaíocht airgeadais chun dlíthíocht a dhéanamh ar chásanna i ndáil le sáruithe ar an daonlathas, ar an smacht reachta agus ar na cearta bunúsacha

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 33 646,11 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

**CAIBIDIL PA 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

***PA 07 19 2019***

PA 07 19 01 Beart ullmhúcháin — Ciste um iriseoireacht iniúchta thrasteorann

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 873 122,98 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 07 19 02 Beart ullmhúcháin — Pictiúrlanna mar mhoil nuálaíochta le haghaidh pobail áitiúla

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 299 688 | 0,— | 554 766,59 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 07 19 03 Beart ullmhúcháin — Faireachán agus cóitseáil, trí spóirt, le haghaidh daoine óga atá i mbaol radacaithe

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 159 888 | p.m. | 654 000 | 0,— | 430 013,64 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

**CAIBIDIL PA 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PA 07 19 *(Ar lean.)*

PA 07 19 05 Beart ullmhúcháin — Tréimhsí staidéir scoile thar lear a aithint

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 166 473,50 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 07 19 06 Beart ullmhúcháin — Spórt mar uirlis le haghaidh lánpháirtiú agus cuimsiú sóisialta dídeanaithe

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 880 435 | p.m. | 1 313 000 | 0,— | 1 317 421,80 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 07 19 07 Beart ullmhúcháin — Fothú acmhainneachta, forbairt cláir agus cumarsáid i gcomhthéacs an chomhraic in aghaidh sciúradh airgid agus coireanna airgeadais

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 1 155 000 | 0,— | 434 100,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

**CAIBIDIL PA 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

***PA 07 20 2020***

PA 07 20 01 Beart ullmhúcháin — Comhairlí meán sa ré dhigiteach

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 124 989 | 0,— | 249 976,13 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 07 20 02 Beart ullmhúcháin — Cláir ar spóirt an phobail agus nuálaíocht an bhonneagair

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 944 180 | p.m. | 1 719 000 | 2 000 000,— | 1 390 180,60 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 07 20 03 Beart ullmhúcháin — Maoiniú, Foghlaim, Nuálaíocht agus Paitinniú le haghaidh Tionscail Chultúir agus Chruthaitheachta (FLIP le haghaidh CCInna)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 445 991 | p.m. | 445 991 | 0,— | 297 327,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

**CAIBIDIL PA 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PA 07 20 *(Ar lean.)*

PA 07 20 04 Beart ullmhúcháin — Reiligí Giúdacha na hEorpa a Chosaint: próiseas mapála iomlán in éineacht le taighde agus faireachán agus tograí costáilte aonair maidir le cosaint

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 673 882 | 0,— | 212 467,22 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 07 20 05 Beart ullmhúcháin — Forbairt beartas ó bhun aníos i leith an chultúr agus na folláine san Aontas

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 100 000 | 0,— | 200 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 07 20 06 Réamhbheart — Monatóir Sibhialta na Romach — Acmhainneacht agus rannpháirtíocht shochaí shibhialta na Romach agus ar son na Romach a neartú san fhaireachán agus san athbhreithniú ar bheartais

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 799 657 | 0,— | 399 828,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

**CAIBIDIL PA 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

***PA 07 21 2021***

PA 07 21 01 Beart ullmhúcháin — Ardáin mheán na hEorpa

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 6 000 000 | 6 000 000 | 7 496 000 | 6 000 000,— | 2 989 211,50 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 07 21 02 Beart ullmhúcháin — Sásra mearfhreagartha uile-Eorpach le haghaidh sáruithe ar shaoirse an phreasa agus na meán

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 389 992 | p.m. | 390 000 | 0,— | 779 983,70 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 07 21 03 Beart ullmhúcháin — An Eoraip i mBun Pinn

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 2 440 917 | 3 000 000 | 3 440 000 | 3 000 000,— | 1 022 750,59 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

**CAIBIDIL PA 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PA 07 21 *(Ar lean.)*

PA 07 21 04 Beart ullmhúcháin — Ciste tacaíochta éigeandála le haghaidh iriseoirí iniúchacha agus eagraíochtaí meán chun saoirse na meán san Aontas a áirithiú

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 359 845 | p.m. | 360 000 | 0,— | 719 689,60 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

***PA 07 22 2022***

PA 07 22 01 Beart ullmhúcháin — Réimse poiblí Eorpach: tairiscint meán nua ar líne d'Eorpaigh óga

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| 9 000 000 | 10 350 000 | 9 000 000 | 6 750 000 | 9 000 000,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

Leis an mbeart ullmhúcháin seo líonfar an bhearna atá ann faoi láthair maidir leis an Eoraip a chur in iúl d'Eorpaigh óga, trí réimse meán poiblí fíor-trasnáisiúnta a chruthú agus trí thuiscint níos fearr a léiriú ar an gcomhmhuintearas, atá i gcroílár na féiniúlachta Eorpaí agus a léirítear i gcultúr comhchoiteann, i stíleanna maireachtála comhchosúla agus i gcomhluachanna. Tá an beartas atá ann cheana dírithe den chuid is mó ar earnáil na meán – atá ag streachailt agus atá buailte go trom ag paindéim COVID-19 – a neartú agus ar chlaochlú digiteach na hearnála sin. Áirítear le haidhmeanna sonraithe an Ghnímh um Shaoirse na Meán atá ar na bacáin neamhspleáchas agus éagsúlacht na meán a neartú. Is teoranta fós, áfach, an tacaíocht a thugtar d'fhás spásanna meán lena ngintear malartú poiblí Eorpach, in ainneoin a thábhachtaí atá an mhalartaithe sin agus in ainneoin easpa na dtionscamh inmharthana a bhfuil tástáil déanta orthu.

Chun Eorpaigh óga a mhealladh chuig smaointe agus luachanna Eorpacha agus chun saoránaigh Eorpacha a chumhachtú go hiarbhír trí ardáin dhigiteacha, tacóidh an beart ullmhúcháin le spásanna coimeádta ar líne ina mbaileofar ábhar iriseoireachta arb ábhar machnaimh é faoi thopaicí atá ábhartha dá saol laethúil, rud a chuirfidh ar a gcumas peirspictíochtaí ó gach cearn den Eoraip a chur i gcomparáid le chéile agus an dóigh a mbíonn leasanna nasctha le leasanna na nEorpach óg i mBallstáit eile a phlé agus a fháil amach.

**CAIBIDIL PA 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PA 07 22 *(Ar lean.)*

PA 07 22 01 *(Ar lean.)*

Tabharfar aghaidh san ábhar ar cheisteanna a bhfuil sé cruthaithe gur díol spéise nó imní iad d'aos óg na hEorpa, amhail oideachas agus scileanna, iarmhairtí phaindéim COVID-19, inscne agus éagsúlacht chomh maith leis an inbhuanaitheacht agus an t-athrú aeráide, struchtúr síochána agus slándála Eorpach, beartas eachtrach, daonlathas, agus cuirfear i gcomhthéacs é chun go mbeidh sé láidir agus tarraingteach don spriocghrúpa Cruthaítear an pheirspictíocht Eorpach trí eispéiris agus dearcthaí réigiúnacha maidir le hábhair lena mbaineann tábhacht uile-Eorpach a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile. Is é an aidhm atá ann aghaidh a thabhairt ar ábhair ábhartha a bhfuil tábhacht uile-Eorpach ag baint leo agus ag an am céanna fóram a thabhairt do pheirspictíochtaí áitiúla, rud a fhágfaidh go mothóidh úsáideoirí go bhfuil baint láidir ag an ábhar leosan. Leis an mbeart ullmhúcháin, tabharfar aird ar leith ar aghaidh a thabhairt ar lucht féachana neamh-chomhsmopolitach agus ar Eorpaigh óga nach bhfuil mórán deiseanna acu ina máthairtheanga.

Neartóidh an tionscnamh uaillmhianach uile-Eorpach ilteangach seo an beart ullmhúcháin atá ann cheana, lena spreagtar díospóireachtaí as líne agus ar líne a bhíonn oscailte, fíor, domhan agus cuiditheach i measc Eorpaigh óga faoin saol mar atá faoi láthair agus faoin saol a bheidh ann amach anseo san Eoraip. Trí úsáid a bhaint as formáidí nuálacha ar ardáin dhigiteacha, agus é mar sprioc dheiridh leis sin feasacht níos fearr a chruthú faoi fhíseanna agus réaltachtaí Eorpacha agus rannpháirtíocht níos mó na nEorpach i leith luachanna agus smaointe Eorpacha, le linn an bhirt agus ina dhiaidh, rannchuidítear le sochaí shibhialta níos gníomhaí a bheith ann. Is é is aidhm don phlean gníomhaíochta tacú le téarnamh agus claochlú na meán agus na n-earnálacha closamhairc, agus, ar ndóigh, iriseoireacht chomhoibríoch agus trasteorann a chur chun cinn, ag brath ar chomhroinnt agus líonrú dea-chleachtais sa réimse seo. Tá an-tairbhe don aidhm sin ag gabháil leis an mbeart ullmhúcháin, ós rud é go dtacaíonn sé le dea-chleachtais den sórt sin a bhaineann le comhar trasteorann agus le nuálaíocht in earnáil na meán.

Trína ailíniú leis an iliomad cuspóirí de chuid an Aontais chomh maith le tionscnaimh atá ann cheana féin a fhorbairt, líonfar leis an mbeart ullmhúcháin seo an bhearna maidir le tacaíocht chinntitheach a thabhairt don réimse poiblí Eorpach trí nuálaíocht a spreagadh i spás na meán Eorpach chun díospóireacht fhadtréimhseach ar thodhchaí chomhchoiteann a spreagadh i measc óige na hEorpa.

***PA 07 23*** ***2023***

PA 07 23 01 Réamhbheart — Líonra na seiceálaithe fíricí Eorpacha chun an bhréagaisnéis a chomhrac

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | |
| 1 637 500 | 409 375 | 850 000 | 212 500 | |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

**CAIBIDIL PA 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PA 07 23 *(Ar lean.)*

PA 07 23 01 *(Ar lean.)*

Is fadhb do dhaonlathais na hEorpa é iomadú na bhfeachtas bréagaisnéise ar líne. Is é is cuspóir don réamhbheart seo leanúint de phacáiste nithiúil acmhainní sholáthar d'eagraíochtaí seiceála fíricí Eorpacha a d'fhéadfadh cabhrú leo feachtais bhréagaisnéise a shainaithint agus a bhréagnú ar ardáin ar líne trí theicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn. Ba cheart raon feidhme an réamhbhirt sin a bheith leathan agus ba cheart dó díriú ar na feachtais bhréagaisnéise uile a mbíonn tionchar acu ar thuairimí an phobail ach go háirithe orthu siúd a dhíríonn ar shaincheisteanna aeráide agus comhshaoil agus ar thubaistí agus ar ghéarchéimeanna eile atá ag teacht chun cinn. Leanfaidh an togra de bheith ag cur le torthaí tionscnamh eile lena gcothaítear an comhar i measc eagraíochtaí seiceála fíricí san Eoraip amhail an Líonra nua Eorpach um Chaighdeáin um Sheiceáil Fíricí (EFCSN, ar cuid é de threoirthionscadal leanúnach PP 07 20 04 Sláine na meán sóisialta), de threoirthionscadal na Faireachlainne Eorpaí um Insintí (CNECT/2022/5162608) agus d'obair na Faireachlainne Eorpaí um na Meáin Dhigiteacha (EDMO-Smart 2019/1087). Díreoidh an réamhbheart go príomha ar sheiceáil fíricí i ndáil leis na géarchéimeanna atá os comhair an Aontais faoi láthair agus a bheidh ag teacht chun cinn amach anseo, amhail bréagaisnéis faoin athrú aeráide agus faoin gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Ina theannta sin, ba cheart díriú go háirithe leis an réamhbheart seo ar imscrúdú agus taighde a dhéanamh ar conas is féidir teicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn, amhail botaí comhrá agus intleacht shaorga ghiniúnach eile, lena n-áirítear samhlacha móra teanga (LLM), a úsáid chun bréagaisnéis a scaipeadh. Ina theannta sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an réamhbheart seo acmhainní a chur ar fáil maidir leis an gcaoi ar féidir le seiceálaithe fíricí Eorpacha teorainn a chur leis na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag samhlacha intleachta saorga (IS) giniúnaí a scaipeann bréagaisnéis.

Ní mór don réamhbheart gan bheith teoranta do ráitis amhail 'ní ann don athrú aeráide' is éasca a bhréagnú agus atá ag éirí níos iarmharaí. Ba cheart dó díriú ar insintí níos casta atá ag éirí níos líonmhaire, amhail bréagaisnéis faoin Aontas, príomhphearsana polaitiúla ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta, réitigh atá beartaithe (go háirithe iad siúd a dhéanann daoine aonair a thugann athrú nósanna le tuiscint) nó iad siúd a fhaigheann tacaíocht ó eolaíocht neamhiontaofa.

Tá sé d'aidhm ag réamhbheart díriú ar riachtanais mheántéarmacha agus fhadtéarmacha an phobail Eorpaigh seiceála fíricí agus ba cheart ceachtanna a foghlaimíodh ó na toghcháin náisiúnta agus Eorpacha is déanaí a áireamh ina chuid acmhainní agus sraitheanna uirlisí.

Réamhbheart:

— leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar dhúshláin agus ar riachtanais seiceálaithe fíricí an Aontais chun feachtais bhréagaisnéise a bhréagnú beagnach i bhfíor-am, freagairt ghinearálta a dhéanamh ar ghéarchéimeanna agus ceachtanna a bhailiú ó ghéarchéimeanna a bhí ann le déanaí;

— measúnú a dhéanamh ar bhagairt na bréagaisnéise atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus ar an mbagairt ón intleacht shaorga ghiniúnach, lena n-áirítear na róbait chomhrá atá ar an margadh cheana, agus béim á leagan ar an gcaoi ar féidir le daoine aonair, eagraíochtaí nó stáit eachtracha, etc., samhlacha móra teanga a ghiaráil;

— foirne uirlisí breise – pacáistí acmhainní – a sholáthar do sheiceálaithe fíricí, a chuideoidh leo borradh a chur faoina gcumas gníomhú go práinneach agus beagnach i bhfíor-am maidir le feachtais bhréagaisnéise agus borradh a chur faoina n-ullmhacht agus faoina bhfreagairt i gcás géarchéimeanna;

— ábhair oiliúna bhreise agus cúrsaí a sholáthar maidir le cumarsáid éifeachtach le linn géarchéime;

— treoir bhreise a sholáthar maidir le conas pobal saineolaithe agus cleachtóirí a fhorbairt go tapa i dtaobh ábhar bréagaisnéise agus géarchéime;

— cur le mapáil na líonraí seiceála fíricí atá ar fáil san Aontas agus rannchuidiú le hacmhainní maidir le conas iad a ghiaráil go héifeachtach le linn géarchéime;

**CAIBIDIL PA 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PA 07 23 *(Ar lean.)*

PA 07 23 01 *(Ar lean.)*

— cur leis an léirshamhlú agus na huirlisí teicniúla eile atá ann cheana, e.g. scaipeadh bréagaisnéise a léiriú ar léarscáil, ar féidir leo feidhmiú mar bhloic thógála réamhdhéanta do shuíomhanna gréasáin agus d'uirlisí cumarsáide seiceálaithe fíricí (agus aird chuí á tabhairt ar na huirlisí atá ann cheana agus dúbláil á seachaint);

— tástáil leanúnach a dhéanamh ar an bpacáiste acmhainní le grúpa seiceálaithe fíricí Eorpacha trí fheachtais bhréagaisnéise bhréagnaithe agus géarchéimeanna roimhe seo a úsáid mar shampla;

— acmhainní sholáthar do sheiceálaithe fíricí maidir le conas na bagairtí bréagaisnéise ón intleacht shaorga ghiniúnach agus ó shamhlacha móra teanga a mhaolú;

***PA 07 24*** ***2024***

PA 07 24 01 Réamhbheart — Féile Iriseoireachta na hEorpa agus Saoirse na Meán

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 3 000 000 | 750 000 | | |

*Barúlacha*

Tá athrú mór agus leanúnach á dhéanamh ag na teicneolaíochtaí nua ar an dinimic déanta tuairimí agus ar thírdhreach na meán. Fágann siad gur féidir faisnéis atá chun leasa an phobail a dháileadh go héasca ar lucht féachana níos leithne, agus, ar an gcaoi sin, iolrachas a chothú. An méid sin ráite, d'fhéadfadh an chaoi a ndéantar faisnéis a chruthú, a chuardach agus a dháileadh ar líne cur leis an polarú ina nochtar duine do nuacht, d'fhoinsí agus do smaointe a chloíonn lena sainroghanna léirithe. Is féidir leis an méid sin, i gcomhar leis na hardáin bhrabúsbhunaithe, a roinneann sonraí ar chúiseanna tráchtála amháin, an bonn a bhaint go mór ón bhféidearthacht teacht ar dhearcthaí éagsúla agus iad a phlé, agus, dá réir sin, d'fhéadfadh riosca a bheith ann d'iriseoireacht eiticiúil, d'iolrachas sna meáin agus do dhaonlathas na hEorpa féin.

Ag an am céanna, san Aontas, déantar foréigean, bagairtí tromchúiseacha, ciapadh nó náiriú poiblí i gcoinne iriseoirí agus gníomhaithe eile sna meáin mar gheall ar a ngníomhaíochtaí imscrúdaitheacha lena bhféachtar le leas an phobail a chosaint ar mhí-úsáid cumhachta, éilliú, sáruithe ar chearta an duine nó gníomhaíochtaí coiriúla. De réir Ardán Chomhairle na hEorpa um Iriseoireacht agus Sábháilteacht Iriseoirí a Chosaint, is gníomhaithe an stáit a bhíonn taobh thiar de níos mó ná leath de na cásanna mí-úsáide i gcoinne gairmithe na meán.

**CAIBIDIL PA 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PA 07 24 *(Ar lean.)*

PA 07 24 01 *(Ar lean.)*

Tá tonn taoide bréagaisnéise ann faoi láthair agus tá bolscaireacht á scaipeadh go tapa ar an idirlíon agus ar na meáin eile. I bhfianaise na n-iarmhairtí sóisialta agus polaitiúla, tá sé níos tábhachtaí ná riamh go mbeadh ár saoránaigh ina n-úsáideoirí criticiúla ar na meáin agus ar na meáin shóisialta araon agus go n-aithnídís tábhacht na hiriseoireachta mar bhunchloch an daonlathais. Is gá acmhainní airgeadais leordhóthanacha a infheistiú sa litearthacht sna meáin agus sa litearthacht dhigiteach agus chun straitéisí coiteanna de chuid an Aontais a fhorbairt le hiriseoirí, le hacadóirí agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Ba cheart é sin a dhéanamh chun saoránaigh agus úsáideoirí ar líne a chumhachtú chun foinsí amhrasacha faisnéise a aithint agus a bheith ar an eolas fúthu agus chun ábhar atá bréagach d'aon ghnó agus bolscaireacht a aithint agus a nochtadh.

Is é is aidhm don 'Féile Eorpach Iriseoireachta agus Shaoirse na Meán' ('an Fhéile') an t-idirphlé, an comhar agus an chomhpháirtíocht san Aontas a threisiú, go háirithe i measc iriseoirí, eagraíochtaí meán, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus gairmithe litearthachta sna meáin, ag díriú ar cheisteanna ríthábhachtacha ár linne. Ba cheart go mbeadh an Fhéile ina huirlis chumhachtach amach anseo chun malartuithe a éascú idir gairmithe meán ar fud na hEorpa, agus ba cheart deis a bheith ag gabháil léi feasacht a mhúscailt maidir le hobair na n-iriseóirí, atá luachmhar ach atá níos deacra ná riamh, agus maidir le sáruithe ar shaoirse an phreasa san Aontas. Ba cheart don fhéile díriú go speisialta ar ról agus ar obair iriseoirí agus ba cheart deis a bheith ag gabháil léi machnamh a dhéanamh ar na dálaí faoina ndéanann iriseoirí a gcuid oibre laethúla, agus béim á leagan ar ghnéithe síceolaíocha agus fisiciúla, chomh maith le coinníollacha rialála.

Tá tacaíocht níos láidre ón Aontas ríthábhachtach faoi láthair, go háirithe i bhfianaise an Ghnímh Eorpach um Shaoirse na Meán a comhaontaíodh le déanaí, chun iolrachas na meán a chur chun cinn agus chun tacú le hearnáil na meán nuachta agus í i mbun aistriú dúshlánach sa timpeallacht dhigiteach.

Faoin am a bheidh an Fhéile curtha i gcrích, ba cheart go mbeadh an tAcht Eorpach um Shaoirse na Meán i bhfeidhm. Dá bhrí sin, is í an Fhéile an chéad uair a bheidh ann chun plé a dhéanamh ar éifeachtaí an phíosa reachtaíochta shonraigh sin, mar aon le hionadaíocht leathan ar ghníomhaithe éagsúla a bhfuil tionchar ag an gcóras rialála orthu. I bhfianaise an mhéid thuas, le tacaíocht airgeadais chobhsaí don réamhbheart seo, d'fhéadfaí lánacmhainneacht an togra a bhaint amach agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach ar mhaithe le hearnáil na meán, go háirithe iriseoirí.

PA 07 24 02 Réamhbheart — an Fhaireachlann Eorpach um Insintí chun an bhréagaisnéis a chomhrac

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 3 150 000 | 787 500 | | |

*Barúlacha*

Is dúshláin pholaitiúla agus slándála roimh an Aontas iad an bhréagaisnéis, an mhímhuinín agus an polarú, atá ag dul i méid agus is in olcas a rachaidh an cás agus uirlisí nua Intleachta Saorga (AI) á gcur ar fáil go héasca do líon níos mó úsáideoirí. Tá infhaighteacht agus cáilíocht na faisnéise ríthábhachtach d'fheidhmiú éifeachtach na sochaí, go háirithe le linn géarchéime. Tá an-chuid faisnéise bréagaí á scaipeadh faoi láthair sa tsochaí, go háirithe trí na meáin shóisialta. Tá an bréagnú ar cheann de na príomhstraitéisí chun dul i ngleic leis an mbréagnuacht, arb é atá i gceist leis dul i gcoinne na bréagnuachta le fíorais agus teoiricí a nglactar leo. Ar an drochuair, níl éirithe go rómhaith leis na straitéisí bréagnaithe atá ann cheana féin, go háirithe toisc nach n-oibríonn siad i gcás daoine aonair a chreideann go láidir sa bhréagaisnéis.

**CAIBIDIL PA 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PA 07 24 *(Ar lean.)*

PA 07 24 02 *(Ar lean.)*

Léiríonn taighde go gcuireann Twitter, YouTube, Facebook agus meáin shóisialta eile a bhfuil tionchar mór acu borradh ríthábhachtach faoi líonra idirnáisiúnta na bréagaisnéise (Smith agus Graham 2019). Agus iad á gcothú féin le heagla agus le hanord, ag scaipeadh bréagnuachta agus ag baint míthuiscint as na sonraí, tá na gníomhairí sin níos láidre ná riamh (Fernández-Luque agus Bau 2015). Mar sin féin, ní hamháin go soláthraíonn na meáin shóisialta sraith nua uirlisí chun an bhréagaisnéis a scaipeadh, ach soláthraíonn siad uirlis chumhachtach chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis chomh maith.

Léirítear leis an taighde a rinneadh le déanaí ról tábhachtach na n-insintí maidir le fíorais agus faisnéis a chur le chéile i bpacáiste is féidir a tharchur go héasca ar fud na sochaí agus léirítear leis freisin an bealach ar féidir tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a scaiptear smaointe ar fud na meán sóisialta trí staidéar a dhéanamh ar insintí agus ar an gcúis go bhfaigheann smaointe áirithe an lámh in uachtar ar smaointe eile. Mar a léirítear leis an treoirthionscadal an Fhaireachlann Eorpach um Insintí (CNECT/2022/5162608), is cur chuige eolaíoch bailí é an mhodheolaíocht sin a úsáid chun tuiscint a fháil ar shreabhadh na faisnéise agus ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag insintí agus ar an gcaoi a scaiptear iad. Tá an cur chuige sin le comhtháthú, agus gníomhaíochtaí beartais maidir le hábhair an-pholaraithe agus gníomhaíocht chumarsáide á bhforbairt, chun an tsochaí a chur ar an eolas, agus, dá bhrí sin, chun an bhréagaisnéis agus an mhífhaisnéis a choinneáil faoi smacht. Is díol suntais ar leith é an comhghaol idir polarú méadaithe i bpobal insinte agus a ghasta a scaipeann bréagaisnéis laistigh den phobal sin.

Tacóidh an reamhbheart leis an bhFaireachlann Eorpach um Insintí ('an Fhaireachlann') chun faireachán agus anailís a dhéanamh ar an gcaoi a gcruthaítear agus a scaiptear insintí nua laistigh den dioscúrsa poiblí Eorpach, agus na luachanna mothúchánacha a stiúraíonn insintí rathúla a shainaithint, foinsí agus príomhghníomhaithe atá gníomhach i scaipeadh na n-insintí sin a mhapáil agus moltaí a fhorbairt le haghaidh cumarsáid éifeachtach agus beartas éifeachtach.

Ní haon rud nua é tuiscint agus anailís insinte a úsáid: d'éirigh le Nelson Mandela é a úsáid, mar shampla, chun an bhearna a dhúnadh agus tuiscint a chruthú san Afraic Theas faoi réimeas apartheid, agus cuireann Faireachlann na hanailísí agus an tuiscint sin ar fáil ar bhonn níos leithne trí léarscáil saor in aisce de phobail insinte atá ann cheana a sholáthar agus dóigh a sholáthar chun tuiscint níos fearr a fháil ar an bhfáth a gcoinnítear tuairimí áirithe laistigh de phobail áirithe. Fágann sé sin go bhfuil sé níos éasca cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus go bhfuil sé níos deacra bréagaisnéis a scaipeadh.

Cuirfidh an réamhbheart le líonraí na ngeallsealbhóirí agus na ngníomhaithe a bunaíodh cheana faoin treoirthionscadal amhail iriseoirí, saineolaithe IS agus na príomhphobail seiceálaithe fíricí, amhail an Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha (EDMO), lucht ceaptha beartas agus gníomhaithe beartais i seisiúin oibre chun insintí leanúnacha a shainaithint agus cinn nua a fhorbairt chun bréagnuacht agus bréagaisnéis a chomhrac, agus ar an gcaoi sin, réimsí den bhonneagar taighde a leathnú. Ina theannta sin, leanfaidh sé de bheith ag tógáil ar na huirlisí do lucht déanta beartas agus do phríomh-gheallsealbhóirí maidir leis an gcaoi ar féidir le léargais ón bhFaireachlann cabhrú le saincheisteanna a athfhrámú ar bhealach a dhéanann an comhrá a dhípholarú agus a fhágann nach bhfuil na pobail insinte chomh sásta glacadh leis an mbréagaisnéis.

Agus í ag tógáil ar an obair a forbraíodh leis an treoirthionscadal, neartóidh an Fhaireachlann an mhodheolaíocht atá ann cheana chun cur leis na réimsí agus na teangacha a ndéanfaí anailís orthu agus bheadh sí in ann uirlisí níos láidre a fhorbairt chun tacú le príomh-gheallsealbhóirí – lena n-áirítear iriseoirí, seiceálaithe fíricí, lucht déanta beartas – chun na léargais ón bhfaireachlann a úsáid chun bréagaisnéis agus polarú sa dioscúrsa poiblí a chomhrac. Leis an modheolaíocht atá ann faoi láthair, sainaithnítear na hinsintí ceannasacha ar dtús trí phróiseáil teanga nádúrtha agus trí mhodhanna níos traidisiúnta de reiceolaíocht cháilíochtúil a chur le chéile. Trí úsáid a bhaint as eolaíocht na gcóras casta, déanann an Fhaireachlann mapáil ansin ar an dinimic a bhaineann leis an gcaoi a scaipeann agus a bhforbraíonn na pobail insintí agus ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn na pobail insinte le chéile. Léiríonn sé sin i bhfíor-am conas a théann pobail insinte i méid, cad iad na hinsintí a fhásann agus a éiríonn fréamhaithe agus conas a chuirtear an bhréagaisnéis in úsáid sa timpeallacht níos casta sin. Le tríú gné den mhodheolaíocht, is féidir measúnú a dhéanamh ar na comhghaolta agus na patrúin níos doimhne is féidir a bhreathnú d'fhonn iad a thuiscint a bhealach níos mionsonraithe.

**CAIBIDIL PA 07 — INFHEISTÍOCHT I NDAOINE, COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA AGUS LUACHANNA** *(Ar lean.)*

PA 07 24 *(Ar lean.)*

PA 07 24 02 *(Ar lean.)*

Áirítear an méid seo a leanas ar na huirlisí a bheartaítear a chur ar fáil go hiomlán le linn chéim an treoirthionscadail: córas mear-rabhaidh, lámhleabhair chun bréagaisnéis agus pPolarú a chomhrac agus oiliúint d'iriseoirí, seiceálaithe fíricí agus geallsealbhóirí maidir le conas úsáid níos fearr a bhaint as léargais ón bhfaireachlann um insintí. Leis an réamhbheart, leathnófaí na huirlisí sin agus bhreathnófaí ar na féidearthachtaí a chuireann an intleacht shaorga ar fáil chun tuilleadh feabhais a chur ar an tsraith uirlisí agus anailísí. Dála an Mhonatóra Eorpaigh ar na Meáin, soláthraionn an Fhaireachlann Insinte Eorpach anailís laethúil ar an gcaoi a scaiptear insintí agus pobail insintí agus ar an gcaoi a bhforbraítear iad trí fhaireachán a dhéanamh ar na céadta mílte úsáideoir agus insint thar theangacha, téamaí agus ardáin éagsúla. Tá sé beartaithe go mbeidh sí ina huirlis lena líonfar na bearnaí idir míthuiscintí idir pobail dheighilte agus lena laghdófar scaipeadh na bréagaisnéise. D'fhéadfadh sé sin a bheith ábhartha go háirithe i saol ina bhfuil an intleacht shaorga ag leathnú go tapa agus ag cur sláinte ár n-éiceachóras meán faoi bhagairt is mó fiú ná mar a bhí.

Mar shampla, léirítear san an obair a d'fhorbair an Fhaireachlann go dtí seo le linn a céime leanúnaí treoirthionscadail tionchar na paindéime domhanda agus an chogaidh san Úcráin ar insintí aeráide. Trí bheith ag obair go dlúth le pobal leathan geallsealbhóirí (lena n-áirítear iriseoirí, seiceálaithe fíricí agus eagraíochtaí atá ag obair ar an athrú aeráide) féachann an Fhaireachlann le roinnt uirlisí agus seirbhísí a sholáthar chun scaipeadh na bréagaisnéise faoin athrú aeráide a chomhrac trí oibriú le hinsintí. Is uirlis bhreise an-úsáideach í an Fhaireachlann sa bhosca uirlisí Eorpach chun an bhréagaisnéis agus an polarú a chomhrac.

Cuimhnímis ar fhocail Ludwig Wittgenstein: 'the world we see is defined and given meaning by the words we choose. In short, the world is what we make of it'[is iad na focail a roghnaímid a shainíonn an saol a fheicimid agus a thugann ciall dó. I mbeagán focal, is éard atá sa saol an méid a dhéanaimid de].

Agus é ag tógáil ar an obair a forbraíodh cheana le linn chéim an treoirthionscadail – lena n-áirítear réimsí atá ann cheana a bhaineann le saincheisteanna ar leith de chuid na faireachlainne (lena n-áirítear an t-athrú aeráide, COVID-19 agus an imirce), an mhodheolaíocht a tástáladh, líonra na ngeallsealbhóirí, iriseoirí agus seiceálaithe fíricí, agus an tsraith uirlisí a cuireadh ar fáil, leanfadh an réamhbheart de chomhordú a dhéanamh le tionscadail agus bonneagair Eorpacha eile atá ann cheana, lena n-áirítear EDMO agus SoBigData++ chun a áirithiú nach mbeidh aon dúbailt iarrachta ann agus go gcuirfear acmhainní ar fáil chun tacú leis an obair imscrúdaitheach agus taighde agus go n-úsáidfear na bonneagair agus an tacaíocht theicniúil atá ar fáil. Tacóidh an réamhbheart le gníomhaíocht ar leibhéal náisiúnta agus ilnáisiúnta a bheidh dírithe ar fheachtais bhréagaisnéise a bhrath agus anailís a dhéanamh orthu. Chuirfí torthaí an réamhbhirt ar fáil do thionscadail Eorpacha agus náisiúnta eile agus d'áiritheofaí comhroinnt dea-chleachtas agus moltaí le haghaidh cumarsáid éifeachtach leo. Leanfaidh an réamhbheart freisin de bhunachair shonraí idirghníomhacha a chur ar fáil inar féidir le húsáideoirí agus le geallsealbhóirí ábhartha rochtain a fháil ar thorthaí taighde maidir le hinsintí agus moltaí.

**CAIBIDIL PA 08 — TALMHAÍOCHT AGUS BEARTAS MUIRÍ**

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go maoineofar cur chun feidhme réamhbheart i réimse cur i bhfeidhm CFAE agus Chonradh Euratom, arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn bearta a ghlacadh sa todhchaí. Comhfhreagraíonn a n-iomlán leis an leibhéal leithreasuithe a léirítear faoi Airteagal 08 20 02.

BEARTA ULLMHÚCHÁIN

**CAIBIDIL PA 08 — TALMHAÍOCHT AGUS BEARTAS MUIRÍ** *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***PA 08 18 2018***

PA 08 18 01 Beart ullmhúcháin — Limistéir thuaithe chliste sa 21ú haois

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 699 595 | p.m. | 1 388 884 | 0,— | 2 088 477,55 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

***PA 08 20 2020***

PA 08 20 01 Beart ullmhúcháin— An Chairt um Dhea-chleachtais le haghaidh Cúrsálacha

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 350 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

**CAIBIDIL PA 09 — AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE**

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go maoineofar leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo cur chun feidhme beart ullmhúcháin i réimse cur i bhfeidhm CFAE agus Chonradh Euratom, arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn bearta a ghlacadh sa todhchaí. Comhfhreagraíonn a n-iomlán leis an leibhéal leithreasuithe a léirítear faoi Airteagal 09 20 02.

**CAIBIDIL PA 09 — AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE** *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***PA 09 18 2018***

PA 09 18 01 Beart ullmhúcháin — Fothú acmhainneachta a oibríochtú le haghaidh forbairt atá bunaithe ar chláir agus cuspóirí mapála i réimse an chánachais comhshaoil agus an athchóirithe bhuiséadaigh

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 243 270,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

***PA 09 20 2020***

PA 09 20 01 Beart ullmhúcháin — Faireachán agus táscairí pailneoirí an Aontais

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 2 000 000 | p.m. | 1 500 000 | 0,— | 1 500 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 09 20 02 Beart ullmhúcháin — Faireachán comhshaoil trí bheacha meala

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 1 999 471 | p.m. | 2 401 248 | 0,— | 499 867,61 |

**CAIBIDIL PA 09 — AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE** *(Ar lean.)*

PA 09 20 *(Ar lean.)*

PA 09 20 02 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 09 20 03 Beart ullmhúcháin — Beocht bhithéagsúlacht na hEorpa a thomhas ag úsáid 'Innéacs an Liosta Dheirg'

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 914 393 | p.m. | 685 795 | 0,— | 685 794,30 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 09 20 04 Beart ullmhúcháin — Malartuithe ar thástáil ainmhithe a chur chun cinn

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 514 452 | p.m. | 450 839 | 0,— | 190 839,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

PA 09 20 05 Beart ullmhúcháin — Faireachlann Eorpach um athléimneacht triomaigh agus oiriúnú triomaigh a chruthú

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | 928 421 | 0,— | 319 204,60 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

**CAIBIDIL PA 09 — AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE** *(Ar lean.)*

**PA 09 22 2022**

PA 09 22 01 Beart ullmhúcháin — Teach Imréitigh AE um Breoslaí Eitlíochta Inbhuanaithe (SAF)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 300 000 | p.m. | 525 000 | 2 000 000,— | 1 000 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

Is é príomhaidhm Theach Imréitigh AE tacú le táirgeoirí ar mian leo Breoslaí Eitlíochta Inbhuanaithe (SAF) a dheimhniú de réir na gcaighdeán um shonrú breosla lena gcuirtear cumas Eorpach aonair neamhspleách ar fáil. Bainfear na bacainní teicniúla leis atá ar úsáid mhéadaithe SAF.

Cumhdófar leis sainmhíniú, bailíochtú agus tástáil an choincheapa atá le cur chun feidhme san Eoraip trí na cumais agus na huirlisí Eorpacha is gá a bhunú.

PA 09 22 02 Beart ullmhúcháin — EU Grassland Watch (Faireachán AE ar Fhéarthalamh)

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | 1 000 000 | p.m. | 750 000 | 2 500 000,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

Tá féarthailte nádúrtha agus leathnádúrtha i measc na n-éiceachóras Eorpach is saibhre ó thaobh éagsúlacht speiceas plandaí, feithidí agus éan de. Tá go leor láithreáin Natura 2000 ainmnithe de réir dlí ar fud an Aontais chun bithéagsúlacht iontach sin na bhféarthailte agus na seirbhísí éiceachórais a eascraíonn astu a chothabháil agus a athbhunú. Is minic féarthailte ag brath ar chórais bainistithe thiomnaithe amhail baint féir nó innilt. In ainneoin ardleibhéal cosanta ar pháipéar agus roinnt tionscnamh rathúil caomhnaithe agus athbhunaithe ar an leibhéal áitiúil, tá tuilleadh laghduithe tagtha ar bhithéagsúlacht féarthailte Natura 2000 le roinnt deicheanna de bhlianta anuas. Is é an rud is tábhachtaí chun an staid sin a chur ina ceart arís ná na cleachtais bainte féir agus na cleachtais innilte is gá a choinneáil, le hionchur íseal leasacháin, ar scála tírdhreacha mar chuid de chóras feirmeoireachta inbhuanaithe atá inmharthana ó thaobh an gheilleagair de.

BEARTA ULLMHÚCHÁIN

**CAIBIDIL PA 09 — AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE** *(Ar lean.)*

PA 09 22 *(Ar lean.)*

PA 09 22 02 *(Ar lean.)*

Tá méadú ag teacht ar an bhfaireachán a dhéantar ar fhorás chumhdach na bhféarthailte in Natura 2000 i gcodanna áirithe den Aontas. Tá an fhaisnéis sin an-ilchineálach fós agus is minic nach éasca don phobal teacht uirthi. Ina theannta sin, tá sonraí maidir le héifeachtacht choibhneasta bhainistiú na láithreán Natura 2000 in easnamh den chuid is mó. Le hacmhainní breathnadóireachta an Aontais atá neartaithe trína chlár COPERNICUS, cuirtear cumas breathnóireachta nach bhfacthas riamh roimhe seo ar fáil chun cumhdach talún a mhapáil agus faireachán a dhéanamh air ar bhealach an-chruinn. Ní dhéantar nuashonrú ar chatalóg reatha Copernicus de tháirgí cumhdaigh talún do Natura 2000 ach aon uair amháin gach sé bliana agus is faisnéis faoi chumhdach talún cineálach den chuid is mó a chuirtear ar fáil leis sin, agus saineolaithe ag baineann úsáid aisti. Mar sin, níor baineadh leas iomlán fós as an bhféidearthacht na hacmhainneachtaí breathnóireachta sin a chur i bhfeidhm maidir le faireachán agus bainistiú féarthalún.

An chéad chéim: treoirthionscadal 'Copernicus for Natura 2000'

Go déanach sa bhliain 2019, seoladh an tionscadal píolótach 'Copernicus for Natura 2000' (COP4N2K) chun úsáid a bhaint as teicneolaíocht Copernicus chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar láithreáin Natura 2000. Leis an tionscadal sin cruthaíodh córas samhla uathoibrithe chun rianú a dhéanamh ar éabhlóid an chlúdaigh féarthalún i líonra Natura 2000 na hEorpa ar bhonn bliantúil, agus léarscáileanna cumhdaigh talún mionsonraithe á soláthar aige ó 1992 i leith (tráth a glacadh an Treoir maidir le Gnáthóga). Tá iarrachtaí á ndéanamh chun a áirithiú go mbeidh roinnt mhór daoine, lena n-áirítear lucht riaracháin na mBallstát, bainisteoirí limistéir faoi chosaint, úsáideoirí talún agus an pobal i gcoitinne, in ann na treochtaí féarthalún atá ar fáil agus na táscairí a bhaineann leo a rochtain agus a thuiscint. Tá na sonraí uile á gcur ar fáil don phobal trí amharcóir tiomnaithe ar líne 'EU Grassland Watch'.

An dara céim: beart ullmhúcháin 'EU Grassland Watch'

Bhí an tionscadal píolótach chéad chéime le teacht chun deiridh go déanach in 2021, agus cuma mhaith ar na torthaí a bhí ag teacht uaidh. Léiríodh go soiléir i meastóireacht eatramhach go mbeadh gá le tacaíocht do dhara céim phíolótach chun a áirithiú go ndéanfaí obair leantach go tráthúil le haghaidh cur chun feidhme iomlán agus inrochtaineacht iomlán. Díreofar sa réamhbheart ar cheithre phríomhábhar ar gá forbairt shuntasach bhreise a dhéanamh orthu:

(1) Níor chumhdaigh na hacmhainní a bhí ar fáil sa chéad chéim ach leath de na láithreáin Natura 2000 a raibh féarthalamh suntasach iontu. Trí uas-scálú a dhéanamh, beifear in ann an pictiúr (stairiúil) d'fhéaraigh Natura 2000 AE a chríochnú.

(2) Bainfidh cáilíocht na léarscáileanna atá ar fáil tairbhe as feabhsuithe a rinneadh le déanaí maidir le cineálacha éagsúla féarthalún a shainaithint agus taifigh spásúla níos airde.

(3) Déanfar faisnéis maidir leis an gcumhdach reatha féarthalún a mhionchoigeartú tuilleadh freisin ar leibhéal an láithreáin trí nasc a dhéanamh leis na bunachair sonraí riaracháin atá ann cheana, amhail na Córais Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talaimh (LPISanna). Cabhróidh sé sin le bonn eolais a chur faoi bhainistiú iomchuí láithreán.

(4) Cuideoidh an réamhbheart leis an bhfaisnéis gheospásúil faoi fhéarthailte a thabhairt níos gaire do lucht déanta cinntí agus do phríomh-gheallsealbhóirí eile trí (a) suíomh gréasáin poiblí idirghníomhach a nuashonraítear go rialta; agus (b) sraith d'idirghníomhaíochtaí díreacha (e.g. oiliúint seimineár gréasáin, cuairteanna ar an láthair, etc.) le gníomhaithe roghnaithe ar leibhéil náisiúnta nó réigiúnacha. D'fhéadfadh na tionscnaimh sin bearnaí teicneolaíochta a líonadh trí chabhrú le geallsealbhóirí tairbhe na n-uirlisí sin a thuiscint agus an fhaisnéis atá ar fáil a úsáid, agus ina dhiaidh sin, a gcuid riachtanas praiticiúil a chomhroinnt chun bonn eolais a chur faoi fhorbairtí amach anseo.

**CAIBIDIL PA 09 — AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE** *(Ar lean.)*

PA 09 22 *(Ar lean.)*

PA 09 22 02 *(Ar lean.)*

Is féidir le 'EU Grassland Watch', má tá sé go hiomlán feidhmiúil, cabhrú leis an Aontas agus leis na Ballstáit faireachán níos fearr a dhéanamh ar an mbithéagsúlacht, ar na brúnna a bhíonn uirthi agus ar inbhuanaitheacht féarthailte atá faoi chosaint Natura 2000. Ní hamháin go gcuideoidh an trédhearcacht agus an inrochtaineacht mhéadaithe le cosc a chur ar thionchair dhiúltacha amach anseo, ach cuideoidh siad freisin le meath stairiúil a aisiompú trí limistéir tosaíochta a shainaithint le haghaidh athbhunú féarthailte.

***PA 09 24*** ***2024***

PA 09 24 01 Reamhbheart — Ionad Breathnóireachta Bithéagsúlachta an Aontais

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | | |
| 5 000 000 | 1 250 000 | | |

*Barúlacha*

Is é is cuspóir don réamhbheart seo tacú le lárionad comhordúcháin a fhorbairt agus a imscaradh le haghaidh Líonra Breathnóireachta Bithéagsúlachta de chuid an Aontais.

Tá an bhithéagsúlacht ríthábhachtach d'fholláine an duine agus do phláinéad sláintiúil ach tá meath ag teacht uirthi níos tapúla ná tráth ar bith i stair an duine. Tá athrú as cuimse á dhéanamh ar an mbithsféar, rud a laghdaíonn sláinte na n-éiceachóras agus sreabhadh na seirbhísí éiceachórais a bhfuil ár saol féin ag brath air. Is cúiseanna antrapaigineacha atá leis an meath sin, eadhon úsáid talún agus mara, saothrú díreach orgánach, an t-athrú aeráide, truailliú agus ionradh speiceas coimhthíoch. Tá gá le gníomhaíochtaí gasta chun iad a mhaolú agus chun an bhithéagsúlacht a chur ar ais ar bhealach an téarnaimh.

Chun treocht chailliúint dhomhanda na bithéagsúlachta a chur sa treo cheart, tháinig beagnach 200 tír ar chomhaontú i mí na Nollag 2022 maidir le spriocanna agus cuspóirí nua bithéagsúlachta, i gCreat Domhanda Bithéagsúlachta (GBF) Kunming-Montréal, mar a thugtar air. Tá an tAontas tiomanta go daingean do cheannaireacht a thabhairt le dea-shampla. Tá an creat domhanda ailínithe go maith le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 agus le príomhthionscnaimh shuaitheanta eile de chuid an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

Ní mór faireachán maith a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcreataí beartais bithéagsúlachta chun a áirithiú go ndéanfar rianú éifeachtach ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna agus na gcuspóirí. Beidh an faireachán láidir ar bheartas ag brath ar shonraí agus faisnéis ardcháilíochta a sholáthar go rialta agus go minic, agus breathnóireacht chórasach allamuigh na bithéagsúlachta thar thréimhse fhada mar bhonn taca leis. Ní hamhlaidh atá an cás faoi láthair san Aontas. Is tearc iad na sonraí bithéagsúlachta ar ardchaighdeán atá ar fáil ar scála leordhóthanach spásúil agus ama, rud a fhágann go bhfuil bearnaí móra eolais ann. Cé go léirítear go soiléir iontu staid uafásach na bithéagsúlachta san Aontas, ní leor na sonraí atá ann cheana chun eolas inghníomhaithe a ghiniúint – eolas lena gcumasaítear forbairt agus imlonnú gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun dul i ngleic le cúiseanna chailliúint na bithéagsúlachta, ar bhealach costéifeachtach agus ar scálaí spásúla éagsúla.

BEARTA ULLMHÚCHÁIN

**CAIBIDIL PA 09 — AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE** *(Ar lean.)*

PA 09 24 *(Ar lean.)*

PA 09 24 01 *(Ar lean.)*

Ina theannta sin, tá bailiú sonraí bithéagsúlachta scaipthe i measc raon leathan eagraíochtaí neamhrialtasacha, údarás poiblí, líonraí taighde agus na hearnála príobháidí go príomha le haghaidh measúnuithe tionchair ar an gcomhshaol. Níl an taifeach spásúil ná ama is gá ag formhór na gclár breathnóireachta bithéagsúlachta chun measúnú a dhéanamh ar staid agus treochtaí speiceas agus gnáthóg agus ar a spleáchas ar na brúnna a chuirtear orthu. Thairis sin, níl aon chuspóir ná sainordú coiteann ann i measc na ngníomhaithe uile a bhfuil baint acu le bailiú, coimeádaíocht, samhaltú agus úsáid sonraí. Is é an dúshlán atá ann, dá bhrí sin, leas a bhaint as an dul chun cinn eolaíoch agus na Ballstáit, geallsealbhóirí, institiúidí éagsúla, agus eagraíochtaí nó tionscnaimh eile a thabhairt le chéile chun na hiarrachtaí atá á ndéanamh faoi láthair a neartú agus cur chuige struchtúrtha agus costéifeachtach a cheapadh ar leibhéal an Aontais i leith na breathnóireachta bithéagsúlachta.

Le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais, cuireadh an Lárionad Eolais um Bithéagsúlacht (KCBD) i bhfeidhm, agus é mar aidhm aige an t-eolas a bhí ann cheana a eagrú agus a shlógadh maidir le faireachán córasach a dhéanamh ar chur chun feidhme an bheartais. Mar sin féin, níl aon sásra ná ionstraim thiomnaithe ann ar leibhéal an Aontais chun giniúint agus úsáid sonraí ardcháilíochta a chomhordú agus a chothú, ar sonraí iad atá mar bhonn agus mar thaca ag an mbonn eolais bithéagsúlachta sin agus chun treoir agus oiliúint a sholáthar maidir leis na méadrachtaí atá le húsáid. Is scrogall mór é sin maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 agus gealltanais an Aontais i leith GBF a chur chun feidhme go héifeachtach, go háirithe a mhéid a bhaineann lena spriocanna príomhshruthaithe.

Níos mó ná riamh, ní mór don Aontas dlús a chur leis na hiarrachtaí chun an acmhainneacht breathnóireachta bithéagsúlachta a mhéadú. Rinneadh na chéad chéimeanna tríd an tionscadal EuropaBON, ar tionscadal de chuid Fís 2020 é. Moltar leis an réamhbheart seo dearadh le haghaidh Líonra Eorpach um Breathnóireachta Bithéagsúlachta chun faireachán a dhéanamh ar stádas agus treochtaí bhithéagsúlacht agus éiceachórais na hEorpa. Tá na nithe seo a leanas sainaitheanta aige. (i) riachtanais na bpríomhúsáideoirí, (ii) na mórthionscnaimh faireacháin atá i bhfeidhm, (iii) liosta íosta na n-athróg bithéagsúlachta bunriachtanach a bhfuil breathnóireacht le déanamh orthu, agus (iv) na bearnaí agus na scrogaill atá fós ag cur isteach ar shreabhadh éasca agus feidhmiúil na sonraí bithéagsúlachta san Eoraip. Chomh maith le bearnaí sonraí, tá scrogall mór eile ann a bhaineann le húsáid sonraí atá ann cheana, nach ndéantar a n-úsáid a uasmhéadú. Ní leor comhtháthú na sreafaí sonraí bithéagsúlachta atá ann faoi láthair thar na hathróga agus na réimsí uile. Is minic a bhíonn institiúidí ábhartha gan na hardscileanna staidrimh agussamhlaithe teicniúla is gá chun comhtháthú den sórt sin a chomhordú. Níl uathoibriú agus comhchuibhiú páirteach ar na sruthanna sonraí ach ag leath de na cláir faireacháin a ndearna tionscadal EuropaBON meastóireacht orthu agus, anuas air sin, níl go leor sonraí ar fáil dóibh ach ag leath díobh chun athróga bithéagsúlachta bunriachtanacha a dhíorthú. Tá treoirphlean á fhorbairt ag an tionscadal EuropaBON freisin le haghaidh lárionad comhordúcháin ar leibhéal an Aontais, mar a thugtar air, a chuideodh le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh agus bheadh an treoirphlean mar bhonn taca le cur chun feidhme an líonra breathnóireachta.

Is díol sásaimh í obair EuropaBON chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh maidir le sonraí bithéagsúlachta ardcháilíochta a dhaingniú san Aontas. Mar sin féin, níl aon bhearta leantacha soiléire beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach chun í a chur i ngníomh trína thorthaí a thástáil agus a phíolótú go comhpháirteach leis na Ballstáit, agus chun aghaidh a thabhairt ar na roghanna atá ann le haghaidh ionad comhordúcháin nó ardán fíorúil. Tá sé beartaithe deireadh a chur leis an mbeart in 2023, agus tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar obair leantach thráthúil agus uaillmhianach in 2024 tríd an réamhbheart seo chun réitigh nithiúla a chur i bhfeidhm agus chun sonraí leordhóthanacha a chinntiú chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais.

Tabharfar aghaidh leis an réamhbheart ar an ngéarghá atá le sonraí bithéagsúlachta a chomhordú, a chomhtháthú, a chomhchuibhiú agus a neartú, ar mhaithe le bonn eolais a chur faoin gceapadh beartas ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta. Díreoidh an réamhbheart1 ar shraith d'athróga bithéagsúlachta a oibríochtú le cur i bhfeidhm díreach maidir le beartas agus cinnteoireacht. Áireofar leis sin fothú acmhainneachta, lena n-áirítear saineolas tacsanomaíoch gairmiúil agus eolaíocht na saoránach.

**CAIBIDIL PA 09 — AN COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE** *(Ar lean.)*

PA 09 24 *(Ar lean.)*

PA 09 24 01 *(Ar lean.)*

Rannchuideoidh an réamhbheart le forbairt an tslabhra iomláin sonraí-go-eolas bunaithe ar bhreathnóireachtaí díreacha agus ar chineálacha cur chuige trédhearcacha eolaíocha, agus cruthóidh sí an breisluach a fhaightear as infheistiú i rochtain shoiléir ar shonraí bithéagsúlachta agus as comhordú soiléir orthu. Freastalóidh sé ar chur chun feidhme agus ar mheasúnú tionchair níos láidre a dhéanamh ar bheartais phoiblí, agus bacainní áirithe ar infheisteoirí agus ar ghnólachtaí a dhíothú chun sreafaí caipitil atá dearfach ó thaobh an dúlra de a shainaithint.

Is é an aidhm atá ann leas a bhaint as acmhainneacht iomlán na sonraí a bhaineann leis an mbithéagsúlacht san Eoraip trí (a) scéimeanna breathnóireachta atá ann cheana a thabhairt le chéile, a mhéadú, a chumhachtú agus a chomhordú, (b) sonraí an Aontais, náisiúnta agus áitiúla a chomhshamhlú agus a chomhchuibhiú, agus (c) cuidiú le scéimeanna breathnóireachta nua (caighdeánaithe) a cheapadh chun bearnaí sonraí a líonadh.

Go háirithe, tacóidh an réamhbheart leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

— seirbhís breathnóireachta bithéagsúlachta de chuid an Aontais a phíolótú agus a thástáil, a mbeidh príomhfheidhmeanna agus príomhsheirbhísí mar a mholtar faoin tionscadal EuropaBON a gabháil léi, trí chur leis na hinstitiúidí atá ann cheana, trína nascadh agus trína dtreisiú, agus ar an gcaoi sin, trí rannchuidiú le forbairt na Seirbhíse Tacaíochta Eolais Domhanda don Bhithéagsúlacht (GKSSB) a glacadh ag an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch COP15;

— sreafaí oibre a chur chun feidhme lena soláthraítear sonraí comhchuibhithe uile-Aontais maidir leis an mbithéagsúlacht is gá chun táscairí atá ábhartha ó thaobh beartais de a thógáil (féach Deais an Aontais agus an creat faireacháin domhanda do Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal);

— cúnamh teicniúil a sholáthar do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme an líonra breathnóireachta bithéagsúlachta arna mholadh ag an tionscadal EuropaBON agus maidir le rannchuidiú le GKSSB;

— acmhainneacht a fhorbairt le haghaidh breathnóireacht bithéagsúlachta trí oiliúint a sholáthar do shaineolaithe sa tacsanomaíocht agus trí líonraí eolaíochta saoránach a neartú (le comhroinnt le GKSSB);

Chomh maith le EuropaBON, cuirfidh an réamhbheart seo le tionscadail ábhartha eile de chuid Fís Eorpach agus rannchuideoidh sé leo, chomh maith le treoirthionscadal 'Assessing Butterflies in Europe'[Measúnú ar na Fhéileacáin san Eoraip agus an réamhbheart PA 09 20 01 'EU pollinator monitoring and indicators'[faireachán agus táscairí pailneoirí AE]. Cuirfear chun feidhme í i ndlúthchomhar le KCBD agus leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil.

**CAIBIDIL PA 10 — AN IMIRCE**

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go maoineofar cur chun feidhme bearta ullmhúcháin i raon feidhme CFAE agus Chonradh Euratom, arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn bearta a ghlacadh sa todhchaí. Comhfhreagraíonn a n-iomlán leis an leibhéal leithreasuithe a léirítear faoi Airteagal 10 20 02.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**CAIBIDIL PA 10 — AN IMIRCE** *(Ar lean.)*

***PA 10 14*** ***2014***

PA 10 14 01 Beart ullmhúcháin — Cistiú le haghaidh athshlánú íospartaigh na céastóireachta

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
| p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 0,— | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

**CAIBIDIL PA 12 — SLÁNDÁIL**

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis na leithreasuithe faoin gcaibidil seo go maoineofar cur chun feidhme bearta ullmhúcháin i raon feidhme CFAE agus Chonradh Euratom, arna gceapadh chun tograí a ullmhú d'fhonn bearta a ghlacadh sa todhchaí. Comhfhreagraíonn a n-iomlán leis an leibhéal leithreasuithe a léirítear faoi Airteagal 12 20 02.

*Bunús dlí*

Airteagal 58(2), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

***PA 12 20*** ***2020***

PA 12 20 01 Beart ullmhúcháin — Faireachán comhordaithe an Aontais ar an Idirlíon dorcha chun gníomhaíochtaí coiriúla a chomhrac

*Figiúirí (Leithreasuithe dhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | | Leithreasuithe 2023 | | Olltoradh buiséid 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí | Gealltanais | Íocaíochtaí |
Ó theacht i bhfeidhm Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2728/94 ón gComhairle an 31 Deireadh Fómhair 1994 lena mbunaítear Ciste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha (IO L 293, 12.11.1994, lch. 1), rud a leasaíodh dá éis sin le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 145, 10.6.2009, lch. 10) agus Rialachán (AE) 2018/409 (IO L 76, 19.3.2018, lch. 1), cumhdaítear aon mhainneachtain leis an gciste sin laistigh de theorainn an mhéid atá ar fáil. De bhun Airteagal 32(9) de Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1), bhí glansócmhainní an Chiste ráthaíochta an 31 Iúil 2021 le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha le haistriú isteach sa chiste do sholáthar coiteann. Rinneadh an t-aistriú sin an 1 Lúnasa 2021.

Tá an éifeacht ar an mbuiséad teoranta dá bhrí sin don mhéid seo a leanas íocaíocht bhliantúil amháin leis an gCiste Ráthaíochta nó, go heisceachtúil, uaidh chun a spriocmhéid de 9 % de na hoibríochtaí ráthaithe a choinneáil ar bun,

I gcás mainneachtana ag tairbhithe iasachta, cumhdaítear na híocaíochtaí le haghaidh fhiachas an Aontais a bhaineann le MFA suas go dtí leibhéal 9 % den mhéid iomlán atá dlite ón gciste don soláthar coiteann. I gcás ina n-úsáidtear an ciste don soláthar coiteann ina iomláine, ní mór do bhuiséad an Aontais an ciste soláthair a athshlánú go dtí an t-íosráta soláthair 9 %.

## II. **CLÁIR IASACHTAÍOCHTA ARNA gCONRÚ AG AN AONTAS CHUN CÚNAMH MACRAIRGEADAIS A SHOLÁTHAR DO THRÍÚ TÍORTHA I LÁR AGUS OIRTHEAR NA hEORPA**

### 1. **Bunús dlí**

Cinneadh 97/787/CE ón gComhairle an 17 Samhain 1997 lena soláthraítear cúnamh airgeadais don Airméin agus don tSeoirsia (IO L 322, 25.11.1997, lch. 37).

Cinneadh 2002/639/CE ón gComhairle an 12 Iúil 2002 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais forlíontach don Úcráin (IO L 209, 6.8.2002, lch. 22).

Cinneadh Uimh. 388/2010/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais don Úcráin (IO L 179, 14.7.2010, lch. 1).

Cinneadh Uimh. 778/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Lúnasa 2013 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais breise don tSeoirsia (IO L 218, 14.8.2013, lch. 15).

Cinneadh 2014/215/AE ón gComhairle an 14 Aibreán 2014 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais don Úcráin (IO L 111, 15.4.2014, lch. 85).

OIBRÍOCHTAÍ CHUN IASACHTAÍ A FHÁIL AGUS IASACHTAÍ A THABHAIRT — OIBRÍOCHTAÍ CHUN IASACHTAÍ A FHÁIL AGUS IASACHTAÍ A THABHAIRT A RÁTHAÍTEAR LE BUISÉAD AN AONTAIS (TRÍ LÉIRIÚ)

Cinneadh (AE) 2015/601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Aibreán 2015 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais don Úcráin (IO L 100, 17.4.2015, lch. 1).

Cinneadh (AE) 2017/1565 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2017 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na Moldóive (IO L 242, 20.9.2017, lch. 14).

Cinneadh (AE) 2018/598 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 lena dtugtar tuilleadh cúnamh macrairgeadais don tSeoirsia (IO L 103, 23.4.2018, lch. 8).

Cinneadh (AE) 2018/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le cúnamh macrairgeadais breise a sholáthar don Úcráin (IO L 171, 6.7.2018, lch. 11).

Cinneadh (AE) 2020/701 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le cúnamh macrairgeadais a sholáthar do chomhpháirtithe um méadú agus do chomhpháirtithe comharsanachta i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 (IO L 165, 27.5.2020, lch. 31).

Cinneadh (AE) 2022/313 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 maidir le cúnamh macrairgeadais breise a sholáthar don Úcráin (IO L 55, 28.2.2022, lch. 4).

Cinneadh (AE) 2022/563 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na Moldóive (IO L 109, 8.4.2022, lgh. 6–12).

Cinneadh (AE) 2022/1201 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le cúnamh macrairgeadais breise a sholáthar don Úcráin (IO L 186, 13.7.2022, lch. 1).

Cinneadh (AE) 2022/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2022 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin, lena ndaingnítear an ciste don soláthar coiteann le ráthaíochtaí ó na Ballstáit agus le soláthar sonrach le haghaidh roinnt dliteanas airgeadais a bhaineann leis an Úcráin arna ráthú faoi Chinneadh Uimh. 466/2014/AE, agus lena leasaítear Cinneadh (AE) 2022/1201 (IO L 245, 22.9.2022, lch. 1).

Rialachán (AE) 2022/2463 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +) (IO L 322, 16.12.2022, lch. 1).

## 2. **Tuairisc**

An 17 Samhain 1997, chinn an Chomhairle ráthaíocht ón Aontas Eorpach a dheonú le haghaidh oibríocht eisceachtúil trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí don tSeoirsia arb ionann é agus uasmhéid EUR 142 000 000 ar feadh uasfhad 15 bliana.

Íocadh an chéad tráinse EUR 110 000 000 leis an tSeoirsia an 24 Iúil 1998. Níl an dara tráinse le híoc a thuilleadh.

An 12 Iúil 2002, chinn an Chomhairle saoráid iasachta fhadtéarmach a chur ar fáil don Úcráin arb ionann í agus uasmhéid príomhshuime EUR 110 000 000 le huasaibíocht 15 bliana, d'fhonn staid inbhuanaithe maidir le comhardú na n-íocaíochtaí a áirithiú, suíomh chúlchiste na tíre a neartú agus cur chun feidhme na n-athchóirithe struchtúracha is gá a éascú. Eisíocadh méid iomlán na saoráide in 2014.

An 7 Iúil 2010, chinn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle saoráid iasachta fhadtéarmach a chur ar fáil don Úcráin arb ionann í agus uasmhéid príomhshuime EUR 500 000 000 le huasaibíocht 15 bliana, d'fhonn staid inbhuanaithe maidir le comhardú na n-íocaíochtaí a áirithiú. Eisíocadh an tsaoráid go hiomlán ina dhá thráinse chomhionanna in 2014 agus 2015.

An 12 Lúnasa 2013, chinn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil don tSeoirsia arb ionann é agus uasmhéid EUR 46 000 000 (suas le EUR 23 000 000 i bhfoirm deontas agus suas le EUR 23 000 000 i bhfoirm iasachtaí) ar feadh uasaibíocht 15 bliana. Eisíocadh an chéad tráinse EUR 10 000 000 i mí Aibreáin 2015 agus eisíocadh an dara tráinse EUR 13 000 000 i mí na Bealtaine 2017.

An 14 Aibreán 2014, chinn an Chomhairle cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil don Úcráin i bhfoirm iasachtaí le haghaidh uasmhéid EUR 1 000 000 000 agus le huasaibíocht 15 bliana, chun riachtanais phráinneacha chomhordú íocaíochtaí na hÚcráine mar a shainaithnítear i gclár an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta a chumhdach. Eisíocadh méid iomlán EUR 1 000 000 000 in 2014.

An 15 Aibreán 2015, chinn an Chomhairle cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil don Úcráin arb ionann é agus uasmhéid EUR 1 800 000 000 agus le huasaibíocht 15 bliana, d'fhonn tacú le cobhsú eacnamaíoch na hÚcráine agus le clár oibre athchóirithe substainteach. Is é is cuspóir don chúnamh rannchuidiú le riachtanais chomhordú íocaíochtaí na hÚcráine a chumhdach mar a shainaithnítear i gclár an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta. Eisíocadh an chéad tráinse EUR 600 000 000 i mí Iúil 2015 agus eisíocadh an dara tráinse EUR 600 000 000 i mí an Mhárta 2017.

An 18 Aibreán 2018, chinn an Chomhairle cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil don tSeoirsia arb ionann é agus uasmhéid EUR 45 000 000, d'fhonn tacú le cobhsú eacnamaíoch na Seoirsia agus le clár oibre athchóirithe substainteach. As an uasmhéid sin, soláthrófar suas le EUR 35 000 000 i bhfoirm iasachtaí agus suas le EUR 10 000 000 i bhfoirm deontas. Tá scaoileadh chúnamh macrairgeadais an Aontais faoi réir formheas a fháil ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh bhuiséad an Aontais le haghaidh na bliana ábhartha. Rannchuideoidh an cúnamh le riachtanais chomhardú íocaíochtaí na Seoirsia mar a shainaithnítear i gclár an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta a chumhdach. Eisíocadh an chéad tráinse EUR 15 000 000 i mí na Nollag 2018 agus eisíocadh an tráinse EUR 20 000 000 a bhí fágtha i mí na Samhna 2020 (i dteannta an chéad tráinse EUR 75 000 000 le haghaidh na Seoirsia faoi chlár COVID-19 MFA speisialta).

An 4 Iúil 2018, chinn an Chomhairle cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil don Úcráin arb ionann é agus uasmhéid EUR 1 000 000 000, d'fhonn tacú le cobhsú eacnamaíoch na hÚcráine agus le clár oibre athchóirithe substainteach. Is é is cuspóir don chúnamh rannchuidiú le riachtanais chomhardú íocaíochtaí na hÚcráine a chumhdach mar a shainaithnítear i gclár an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta. Eisíocadh an chéad tráinse EUR 500 000 000 i mí na Nollag 2018 agus eisíocadh an dara tráinse EUR 500 000 000 i Mí an Mheithimh 2020.

An 25 Bealtaine 2020, chinn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cúnamh macrairgeadais breise a sholáthar don tSeoirsia agus don Úcráin i bhfianaise na práinne a bhaineann leis na himthosca eisceachtúla arb í paindéim COVID-19 ba chúis leo agus na hiarmhairtí eacnamaíocha bainteacha. Soláthraíodh an cúnamh i bhfoirm iasachtaí le haghaidh uasmhéid iomlán EUR 150 000 000 le haghaidh na Seoirsia (dhá thráthchuid iasachta EUR 75 000 000) agus EUR 1 200 000 000 le haghaidh na hÚcráine (dhá thráthchuid iasachta EUR 600 000 000). Eisíocadh an chéad tráinse EUR 75 000 000 le haghaidh na Seoirsia i mí na Samhna 2020. Eisíocadh an chéad tráinse EUR 600 000 000 i mí na Nollag 2020 agus eisíocadh an dara tráinse EUR 600 000 000 i mí Dheireadh Fómhair 2021.

An 24 Feabhra 2022, chinn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cúnamh macrairgeadais breise a sholáthar don Úcráin, cúnamh dar luach uasmhéid EUR 1 200 000 000, d'fhonn tacú le cobhsú eacnamaíoch na hÚcráine agus le clár oibre athchóirithe substainteach. Leis an gcúnamh sin, ba cheart rannchuidiú le riachtanais na hÚcráine chun comhardú na n-íocaíochtaí, mar a sainaithníodh i gclár an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, a chumhdach. An chéad tráthchuid EUR 600 000 000, roinneadh ina dhá tráinse EUR 300 000 000 í a eisíocadh i mí an Mhárta 2022. Eisíocadh an dara tráthchuid de EUR 600 000 000 i mBealtaine 2022.

An 6 Aibreán 2022, chinn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cúnamh macra-airgeadais breise EUR 150 milliún (EUR 120 000 000 in iasachtaí meántéarmacha ar théarmaí lamháltais agus EUR 30 000 000 i ndeontais) a sholáthar don Mholdóiv. Tháinig an MFA i bhfeidhm an 18 Iúil ar feadh dhá bhliain go leith le bheith eisíocaíochta i dtrí thráinse de EUR 50 000 000 an ceann. Eisíocadh an chéad tráinse EUR 50 000 000 milliún an 1 Lúnasa 2022.

An 12 Iúil 2022, chinn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cúnamh macrairgeadais breise a sholáthar don Úcráin, cúnamh dar luach uasmhéid EUR 1 000 000 000 d'fhonn tacú le cobhsaíocht mhacrairgeadais na hÚcráine. Roinneadh an méid ina dhá thráthchuid agus eisíocadh an dá cheann i mí Lúnasa 2022.

An 20 Meán Fómhair 2022, chinn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cúnamh macrairgeadais breise a sholáthar don Úcráin, cúnamh dar luach uasmhéid EUR 5 000 000 000 d'fhonn tacú le cobhsaíocht mhacrairgeadais na hÚcráine. Eisíocadh an chéad tráthchuid de EUR 2 500 000 000 i mí Dheireadh Fómhair 2022, eisíocadh an dara tráthchuid de EUR 2 000 000 000 i mí na Samhna 2022 agus eisíocadh an tríú tráthchuid de EUR 500 000 000 i mí na Nollag 2022.

OIBRÍOCHTAÍ CHUN IASACHTAÍ A FHÁIL AGUS IASACHTAÍ A THABHAIRT — OIBRÍOCHTAÍ CHUN IASACHTAÍ A FHÁIL AGUS IASACHTAÍ A THABHAIRT A RÁTHAÍTEAR LE BUISÉAD AN AONTAIS (TRÍ LÉIRIÚ)

An 14 Nollaig 2022, chinn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle EUR 18 mbilliún de thacaíocht i bhfoirm iasachtaí a sholáthar don Úcráin do 2023 trí ionstraim cúnaimh macra-airgeadais + (MFA+). Is é cuspóir ginearálta na hIonstraime faoiseamh airgeadais gearrthéarmach a sholáthar don Úcráin ar bhealach intuartha, leanúnach, ordúil agus tráthúil, athshlánú a mhaoiniú agus tacaíocht tosaigh i dtreo atógáil iarchogaidh, i gcás inarb iomchuí, d'fhonn tacú leis an Úcráin ar a cosán i dtreo lánpháirtiú na hEorpa. Is i bhfoirm iasachtaí ar ardleibhéal lamháltais a thagann sé sin, a bheidh le heisíoc i dtráthchodanna rialta ó 2023 ar aghaidh.

3. **Éifeacht ar an mbuiséad**

Ó theacht i bhfeidhm Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2728/94 ón gComhairle an 31 Deireadh Fómhair 1994 lena mbunaítear Ciste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha (IO L 293, 12.11.1994, lch. 1), rud a leasaíodh dá éis sin le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 145, 10.6.2009, lch. 10) agus Rialachán (AE) 2018/409 (IO L 76, 19.3.2018, lch. 1), cumhdaítear aon mhainneachtain leis an gciste sin laistigh de theorainn an mhéid atá ar fáil. De bhun Airteagal 32(9) de Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1), bhí glansócmhainní an Chiste ráthaíochta an 31 Iúil 2021 le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha le haistriú isteach sa chiste do sholáthar coiteann. Rinneadh an t-aistriú sin an 1 Lúnasa 2021.

De bhun Airteagal 212(1) den Rialachán Airgeadais coinneofar na soláthairtí a dhéantar chun na dliteanais airgeadais a eascraíonn as ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha nó cúnamh airgeadais a chumhdach i gciste don soláthar coiteann (CPF).

Tá an éifeacht ar an mbuiséad teoranta dá bhrí sin don mhéid seo a leanas íocaíocht bhliantúil amháin leis an rannán ábhartha den CPF nó, go heisceachtúil, uaidh chun a spriocmhéid a choinneáil.

I gcás mainneachtana ag tairbhithe iasachta, cumhdaítear na híocaíochtaí le haghaidh fhiachas an Aontais a bhaineann le MFA suas go dtí leibhéal 9 % den mhéid iomlán atá dlite ón gciste don soláthar coiteann. I gcás ina n-úsáidtear an ciste don soláthar coiteann ina iomláine, ní mór do bhuiséad an Aontais an ciste soláthair a athshlánú go dtí an t-íosráta soláthair 9 %.

Dliteanas airgeadais don Aontas is ea é an cúnamh macrairgeadais de suas le EUR 1 bhilliún faoi Chinneadh (AE) 2022/1201 agus suas le 5 bhilliún faoi Chinneadh (AE) 2022/1628 laistigh de mhéid foriomlán na Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha faoi Rialachán (AE) 2021/947.

Maidir leis an méid iomlán de suas le EUR 6 bhilliún d'iasachtaí eisceachtúla cúnaimh mhacra-airgeadais an Aontais don Úcráin faoi Cinneadh (AE) 2022/1201 agus Cinneadh (AE) 2022/1628, baineann sé tairbhe as 9 % den soláthar íoctha atá ar fáil d'iasachtaí cúnaimh mhacra-airgeadais faoin Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha agus de ráthaíochtaí ó Bhallstáit (suas le 61 %). Déanfar méid an tsoláthair a mhaoiniú as an imchlúdach airgeadais arna chlárú le haghaidh cúnamh macrairgeadais faoi Rialachán (AE) 2021/947 le haghaidh méid iomlán soláthair de EUR 540 mhilliún. Déanfar an méid sin a ghealladh agus a íoc isteach sa chiste don soláthar coiteann faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021–2027, a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11). Ina theannta sin, le linn na tréimhse ó 2021 go 2027, ar iarratas ón Úcráin, beidh an fóirdheontas ráta úis le haghaidh na n-iasachtaí faoi na Cinntí sin faoi réir an imchlúdaigh airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointe (a), an chéad fhleasc, de Rialachán (AE) 2021/947.

Maidir le cumhdach an dliteanais airgeadais a eascraíonn as an EUR 18 mbilliún de thacaíocht i bhfoirm iasachtaí don Úcráin do 2023 trí ionstraim MFA+, rinneadh leasú ar Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 chun a cheadú, mar ráthaíocht, slógadh acmhainní buiséadacha de bhreis ar uasteorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil agus suas go dtí teorainneacha na n-uasteorainneacha dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (2) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1). Ina theannta sin, don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027, foráiltear leis an Rialachán sin d'fhóirdheontas ráta úis ón Aontas le haghaidh na n-iasachtaí faoin Rialachán sin. Féadfaidh na Ballstáit ranníocaíochtaí a sholáthar don fhóirdheontas ráta úis. Ioncam sannta seachtrach a bheidh sna ranníocaíochtaí sin i gcomhréir le hAirteagal 21(2), pointe (a)(ii), den Rialachán Airgeadais.

## III. **CLÁIR IASACHTAÍOCHTA ARNA gCONRÚ AG AN AONTAS CHUN CÚNAMH MACRAIRGEADAIS A SHOLÁTHAR DO THÍORTHA CHOMHLATHAS NA STÁT NEAMHSPLEÁCH AGUS DON MHONGÓIL**

### 1. **Bunús dlí**

Cinneadh 97/787/CE ón gComhairle an 17 Samhain 1997 lena soláthraítear cúnamh airgeadais don Airméin agus don tSeoirsia (IO L 322, 25.11.1997, lch. 37).

Cinneadh 2009/890/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais don Airméin (IO L 320, 5.12.2009, lch. 3).

Cinneadh Uimh. 1025/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na Cirgise (IO L 283, 25.10.2013, lch. 1).

Cinneadh (AE) 2017/1565 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2017 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na Moldóive (IO L 242, 20.9.2017, lch. 14).

Cinneadh (AE) 2020/701 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le cúnamh macrairgeadais a sholáthar do chomhpháirtithe um méadú agus do chomhpháirtithe comharsanachta i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 (IO L 165, 27.5.2020, lch. 31).

Cinneadh (AE) 2022/563 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na Moldóive (IO L 109, 8.4.2022, lch. 6).

### 2. **Tuairisc /// Cur síos**

An 17 Samhain 1997, chinn an Chomhairle ráthaíocht ón Aontas Eorpach a dheonú le haghaidh oibríocht eisceachtúil trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí don Airméin le haghaidh uasmhéid EUR 28 000 000 ar feadh uasfhad 15 bliana.

An 30 Samhain 2009, chinn an Chomhairle ráthaíocht ón Aontas Eorpach a dheonú le haghaidh oibríocht trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí don Airméin i bhfoirm iasachta fadtéarmaí le haghaidh uasmhéid príomhshuime EUR 65 000 000 ar feadh uasfhad 15 bliana. Eisíocadh an chéad tráinse EUR 26 000 000 in 2011 agus eisíocadh an dara tráinse, arb é an ceann deiridh é, in 2012.

An 22 Deireadh Fómhair 2013, chinn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil do Phoblacht na Cirgise arb ionann é agus uasmhéid EUR 30 000 000 (suas le EUR 15 000 000 i bhfoirm deontas agus suas le EUR 15 000 000 i bhfoirm iasachtaí) ar feadh uasaibíocht 15 bliana. Eisíocadh an chéad tráinse EUR 5 000 000 in 2015 agus eisíocadh an dara tráinse i mí Aibreáin 2016.

An 13 Meán Fómhair 2017, chinn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil don Mholdóiv arb ionann é agus uasmhéid EUR 100 000 000 (suas le EUR 40 000 000 i bhfoirm deontas agus suas le EUR 60 000 000 i bhfoirm iasachtaí le huasaibíocht 15 bliana) d’fhonn tacú le cobhsú eacnamaíoch na Moldóive agus le clár oibre athchóirithe substainteach. Eisíocadh an chéad tráinse EUR 20 000 000 i mí Dheireadh Fómhair 2019.

An 25 Bealtaine 2020, chinn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cúnamh macrairgeadais breise a sholáthar don Mholdóiv i bhfianaise na práinne a bhaineann leis na himthosca eisceachtúla arb í paindéim COVID-19 ba chúis leo agus na hiarmhairtí eacnamaíocha bainteacha. Soláthraíodh an cúnamh i bhfoirm iasachtaí le haghaidh uasmhéid iomlán EUR 100 000 000 (dhá thráthchuid iasachta EUR 50 000 000). Eisíocadh an chéad tráinse EUR 50 000 000 i mí na Samhna 2020 agus eisíocadh an dara tráinse EUR 50 000 000 i mí Dheireadh Fómhair 2021.

An 6 Aibreán 2022, chinn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cúnamh macra-airgeadais breise d’uasmhéid EUR 150 000 000 a sholáthar don Mholdóiv, d’fhonn tacú le cobhsú eacnamaíoch agus clár oibre athchóirithe substainteach na Moldóive. As an uasmhéid sin, soláthrófar suas le EUR 120 000 000 i bhfoirm iasachtaí agus suas le EUR 30 000 000 i bhfoirm deontas. Rannchuideoidh an cúnamh le riachtanais chomhardú íocaíochtaí na Moldóive mar a shainaithnítear i gclár an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta a chumhdach. Eisíocadh an chéad tráinse EUR 35 000 000 i mí Lúnasa 2022.

### 3. Éifeacht ar an mbuiséad

Ó theacht i bhfeidhm Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2728/94 ón gComhairle an 31 Deireadh Fómhair 1994 lena mbunaítear Ciste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha (IO L 293, 12.11.1994, lch. 1), rud a leasaíodh dá éis sin le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 145, 10.6.2009, lch. 10) agus Rialachán (AE) 2018/409 (IO L 76, 19.3.2018, lch. 1), cumhdaítear aon mhainneachtain leis an gciste sin laistigh de theorainn an mhéid atá ar fáil. De bhun Airteagal 32(9) de Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1), bhí glansócmhainní an Chiste ráthaíochta an 31 Iúil 2021 le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha le haistriú isteach sa chiste do sholáthar coiteann. Rinneadh an t-aistriú sin an 1 Lúnasa 2021.

Tá an éifeacht ar an mbuiséad teoranta dá bhrí sin don mhéid seo a leanas íocaíocht bhliantúil amháin leis an gCiste Ráthaíochta nó, go heisceachtúil, uaidh chun a spriocmhéid de 9 % de na hoibríochtaí ráthaithe a choinneáil ar bun.

I gcás mainneachtana ag tairbhithe iasachta, cumhdaítear na híocaíochtaí le haghaidh fhiachas an Aontais a bhaineann le MFA suas go dtí leibhéal 9 % den mhéid iomlán atá dlite ón gciste don soláthar coiteann. I gcás ina n-úsáidtear an ciste don soláthar coiteann ina iomláine, ní mór do bhuiséad an Aontais an ciste soláthair a athshlánú go dtí an t-íosráta soláthair 9 %.

## IV. CLÁIR IASACHTAÍOCHTA ARNA gCONRÚ AG AN AONTAS CHUN CÚNAMH MACRAIRGEADAIS A SHOLÁTHAR DO THÍORTHA NA mBALCÁN THIAR

### 1. Bunús dlí

Cinneadh 1999/325/CE ón gComhairle an 10 Bealtaine 1999 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin (IO L 123, 13.5.1999, lch. 57).

Cinneadh 1999/733/CE ón gComhairle an 8 Samhain 1999 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais forlíontach do Phoblacht iar-Iúgslavach na Macadóine (IO L 294, 16.11.1999, lch. 31).

Cinneadh 2001/549/CE ón gComhairle an 16 Iúil 2001 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht Chónaidhme na hIúgslaive (IO L 197, 21.7.2001, lch. 38).

Cinneadh 2002/882/CE ón gComhairle an 5 Samhain 2002 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais forlíontach do Phoblacht Chónaidhme na hIúgslaive (IO L 308, 9.11.2002, lch. 25).

Cinneadh 2002/883/CE ón gComhairle an 5 Samhain 2002 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais breise don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin (IO L 308, 9.11.2002, lch. 28).

Cinneadh 2004/580/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na hAlbáine agus lena n-aisghairtear Cinneadh 1999/282/CE (IO L 261, 6.8.2004, lch. 116).

Cinneadh 2008/784/CE ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2008 lena mbunaítear dliteanas ar leithligh ar Mhontainéagró agus lena laghdaítear go comhréireach dliteanas na Seirbia maidir leis na hiasachtaí fadtéarmacha a dheonaíonn an Comhphobal d'Aontas Stáit na Seirbia agus Mhontainéagró (Poblacht Chónaidhme na hIúgslaive roimhe sin) de bhun Chinntí 2001/549/CE agus 2002/882/CE (IO L 269, 10.10.2008, lch. 8).

Cinneadh 2009/891/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais breise do Bhoisnia agus don Heirseagaivéin (IO L 320, 5.12.2009, lch. 6).

Cinneadh 2009/892/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na Seirbia (IO L 320, 5.12.2009, lch. 9).

Cinneadh (AE) 2020/701 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le cúnamh macrairgeadais a sholáthar do chomhpháirtithe um méadú agus do chomhpháirtithe comharsanachta i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 (IO L 165, 27.5.2020, lch. 31).

2. **Tuairisc**

An 10 Bealtaine 1999, chinn an Chomhairle ráthaíocht ón Aontas Eorpach a dheonú le haghaidh oibríocht trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin i bhfoirm iasachta fadtéarmaí le haghaidh uasmhéid príomhshuime EUR 20 000 000 ar feadh uasfhad 15 bliana (an Bhoisnia I).

Íocadh an chéad tráinse EUR 10 000 000, ar feadh uasfhad 15 bliana, leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin an 21 Nollaig 1999. Íocadh an dara tráinse EUR 10 000 000 in 2001.

An 8 Samhain 1999, chinn an Chomhairle arís ráthaíocht ón Aontas Eorpach a dheonú le haghaidh oibríocht trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí do Phoblacht iar-Iúgslavach na Macadóine i bhfoirm iasachta fadtéarmaí le haghaidh uasmhéid príomhshuime EUR 50 000 000 ar feadh uasfhad 15 bliana (FYROM II).

Íocadh an chéad tráinse EUR 10 000 000, ar feadh uasfhad 15 bliana, le Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine i mí Eanáir 2001, íocadh an dara tráinse EUR 12 000 000 i mí Eanáir 2002, íocadh an tríú tráinse EUR 10 000 000 i mí an Mheithimh 2003 agus íocadh an ceathrú tráinse EUR 18 000 000 i mí na Nollag 2003.

An 16 Iúil 2001, chinn an Chomhairle ráthaíocht ón Aontas Eorpach a dheonú le haghaidh oibríocht trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí do Phoblacht Chónaidhme na hIúgslaive (an tSeirbia agus Montainéagró I) i bhfoirm iasachta fadtéarmaí le haghaidh uasmhéid príomhshuime EUR 225 000 000 ar feadh uasfhad 15 bliana. Íocadh an iasacht i dtráinse aonair i mí Dheireadh Fómhair 2001.

An 5 Samhain 2002, chinn an Chomhairle ráthaíocht ón Aontas Eorpach a dheonú le haghaidh oibríocht trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin i bhfoirm iasachta fadtéarmaí le haghaidh uasmhéid príomhshuime EUR 20 000 000 ar feadh uasfhad 15 bliana (an Bhoisnia II).

Íocadh an chéad tráinse EUR 10 000 000, ar feadh uasfhad 15 bliana, leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin in 2004, agus íocadh an dara tráinse EUR 10 000 000 in 2006.

An 5 Samhain 2002, chinn an Chomhairle ráthaíocht ón Aontas Eorpach a dheonú le haghaidh oibríocht trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí don tSeirbia agus do Mhontainéagró (an tSeirbia agus Montainéagró II) i bhfoirm iasachta fadtéarmaí le haghaidh uasmhéid príomhshuime EUR 55 000 000 ar feadh uasfhad 15 bliana.

Íocadh an chéad tráinse EUR 10 000 000 agus an dara tráinse EUR 30 000 000, ar feadh uasfhad 15 bliana, leis an tSeirbia agus le Montainéagró in 2003, agus íocadh an tríú tráinse EUR 15 000 000 in 2005.

Eisíocadh an iasacht leis an Albáin IV arb ionann í agus EUR 9 000 000, ar feadh uasfhad 15 bliana, go hiomlán in 2006.

An 30 Samhain 2009, chinn an Chomhairle ráthaíocht ón Aontas Eorpach a dheonú le haghaidh oibríocht trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí don tSeirbia i bhfoirm iasachta fadtéarmaí le haghaidh uasmhéid príomhshuime EUR 200 000 000 ar feadh uasfhad 8 mbliana. Íocadh an chéad tráinse EUR 100 000 000 in 2011.

An 30 Samhain 2009, chinn an Chomhairle ráthaíocht ón Aontas Eorpach a dheonú le haghaidh oibríocht trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí don tSeirbia i bhfoirm iasachta fadtéarmaí le haghaidh uasmhéid príomhshuime EUR 100 000 000 ar feadh uasfhad 15 bliana. Íocadh an dá thráinse EUR 50 000 000 araon in 2013.

An 25 Bealtaine 2020, chinn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cúnamh macrairgeadais breise a sholáthar don Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, Montainéagró agus an Mhacadóin Thuaidh i bhfianaise na práinne a bhaineann leis na himthosca eisceachtúla arb í paindéim COVID-19 ba chúis leo agus na hiarmhairtí eacnamaíocha bainteacha. Soláthraíodh an cúnamh i bhfoirm iasachtaí le haghaidh uasmhéid iomlán EUR 180 000 000 le haghaidh na hAlbáine (dhá thráthchuid iasachta EUR 90 000 000), EUR 250 000 000 le haghaidh na Boisnia agus na Heirseagaivéine (dhá thráthchuid iasachta EUR 125 000 000), EUR 100 000 000 le haghaidh na Cosaive (dhá thráthchuid iasachta EUR 50 000 000), EUR 60 000 000 le haghaidh Mhontainéagró (dhá thráthchuid iasachta EUR 30 000 000), agus EUR 160 000 000 le haghaidh na Macadóine Thuaidh (dhá thráthchuid iasachta EUR 80 000 000).

I gcás na hAlbáine, eisíocadh an chéad tráinse EUR 90 000 000 i mí an Mhárta 2021 agus eisíocadh an dara tráinse EUR 90 000 000 i mí na Samhna 2021.

I gcás na Cosaive, Mhontainéagró agus na Macadóine Thuaidh, eisíocadh na chéad tráinsí i mí na Samhna 2020 agus eisíocadh an dara tacar tráinsí i mí an Mheithimh 2021.

I gcás na Boisnia agus na Heirseagaivéine, eisíocadh an chéad tráinse EUR 125 000 000 i mí Dheireadh Fómhair 2021.

3. **Éifeacht ar an mbuiséad**

Ó theacht i bhfeidhm Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2728/94 ón gComhairle an 31 Deireadh Fómhair 1994 lena mbunaítear Ciste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha (IO L 293, 12.11.1994, lch. 1), rud a leasaíodh dá éis sin le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 145, 10.6.2009, lch. 10) agus Rialachán (AE) 2018/409 (IO L 76, 19.3.2018, lch. 1), cumhdaítear aon mhainneachtain leis an gciste sin laistigh de theorainn an mhéid atá ar fáil. De bhun Airteagal 32(9) de Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1), bhí glansócmhainní an Chiste ráthaíochta an 31 Iúil 2021 le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha le haistriú isteach sa chiste do sholáthar coiteann. Rinneadh an t-aistriú sin an 1 Lúnasa 2021.

Tá an éifeacht ar an mbuiséad teoranta dá bhrí sin don mhéid seo a leanas íocaíocht bhliantúil amháin leis an gCiste Ráthaíochta nó, go heisceachtúil, uaidh chun a spriocmhéid de 9 % de na hoibríochtaí ráthaithe a choinneáil ar bun.

I gcás mainneachtana ag tairbhithe iasachta, cumhdaítear na híocaíochtaí le haghaidh fhiachas an Aontais a bhaineann le MFA suas go dtí leibhéal 9 % den mhéid iomlán atá dlite ón gciste don soláthar coiteann. I gcás ina n-úsáidtear an ciste don soláthar coiteann ina iomláine, ní mór do bhuiséad an Aontais an ciste soláthair a athshlánú go dtí an t-íosráta soláthair 9 %.

## V. IASACHTAÍOCHTAÍ EURATOM CHUN FEABHAS A CHUR AR LEIBHÉAL ÉIFEACHTÚLACHTA AGUS SÁBHÁILTEACHTA STÁISIÚN CUMHACHTA NÚICLÉICHE I dTÍORTHA LÁR AGUS OIRTHEAR NA hEORPA AGUS CHOMHLATHAS NA STÁT NEAMHSPLEÁCH

1. **Bunús dlí**

Cinneadh 77/270/Euratom ón gComhairle an 29 Márta 1977 ag cumhachtú don Choimisiún iasachtaí Euratom a eisiúint chun rannchuidiú le stáisiúin núicléacha a mhaoiniú (IO L 88, 6.4.1977, lch. 9).

2. **Tuairisc /// Cur síos**

De bhun Chinneadh 94/179/Euratom (IO L 84, 29.3.1994, lch. 41), cuireann an tAontas Eorpach síneadh le raon feidhme iasachtaí Euratom faoi Chinneadh 77/270/Euratom chuig feabhsú leibhéil éifeachtúlachta agus sábháilteachta stáisiún cumhachta núicléiche i dtíortha lár agus oirthear na hEorpa agus Chomhlathas na Stát Neamhspleách.

Fanann uasmhéid iasachtaí Euratom le haghaidh na mBallstát agus na dtríú tíortha seasta ag EUR 4 000 000 000.

In 2000, tháinig an Coimisiún ar chinneadh maidir le hiasacht le haghaidh Kozloduy sa Bhulgáir (EUR 212 500 000) agus rinneadh an tráthchuid deiridh in 2006. In 2000, dheonaigh an Coimisiún iasacht do K2R4 san Úcráin ach laghdaigh sé méid na hiasachta chuig an gcoibhéis EUR de USD 83 000 000 in 2004. Deonaíodh iasacht EUR 39 000 000 (an chéad tráinse) do K2R4 in 2007, USD 22 000 000 in 2008, agus USD 10 335 000 in 2009 faoi Chinneadh 2004 ón gCoimisiún. In 2004, tháinig an Coimisiún ar chinneadh maidir le hiasacht le haghaidh Cernavodă sa Rómáin (EUR 223 500 000). Eisíocadh an chéad tráthchuid EUR 100 000 000 agus an dara tráthchuid EUR 90 000 000 in 2005 agus eisíocadh an tráinse deiridh EUR 33 500 000 in 2006.

In 2013, chinn an Coimisiún iasacht a dheonú do Energoatom na hÚcráine arb ionann í agus EUR 300 000 000 le haghaidh uasghráduithe sábháilteachta a dhéanamh ar stáisiúin chumhachta núicléiche. Soláthrófar na hiasachtaí i gcomhar le BEAF, rud a sholáthraíonn iasacht EUR 300 000 000 eile i gcomhthráth. Na réamhchoinníollacha le hinfhaighteacht tosaigh na hiasachta, measadh gur comhlíonadh iad go hiomlán in 2015 agus dearbhaíodh go raibh an iasacht éifeachtach.

An 27 Bealtaine 2015, d'údaraigh an Coimisiún eisíocaíochtaí faoi iasacht Euratom do Energoatom i méid suas le EUR 100 000 000, faoi réir méid na hiasachta a bheidh deonaithe ag BEAF a bheith tarraingthe ag Energoatom i méid nár lú ná EUR 50 000 000. Tairbhíonn na hiasachtaí sin de ráthaíochtaí Stáit lena gcumhdaítear 100 % de na méideanna gan íoc i ndeireadh na bliana. Eisíocadh an chéad tráinse EUR 50 000 000 i mí na Bealtaine 2017 agus eisíocadh an dara tráinse EUR 50 000 000 i mí Iúil 2018. Eisíocadh an tríú tráinse EUR 100 000 000 i mí Iúil 2020 agus eisíocadh an tráinse deiridh EUR 100 000 000 i mí na Nollag 2021.

### 3. **Éifeacht ar an mbuiséad**

Ó theacht i bhfeidhm Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2728/94 ón gComhairle an 31 Deireadh Fómhair 1994 lena mbunaítear Ciste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha (IO L 293, 12.11.1994, lch. 1), rud a cuirtear in ionad dá éis sin le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 lena mbunaítear Ciste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha (IO L 145, 10.6.2009, lch. 10) lena leasaítear le Rialachán (AE) 2018/409 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 76, 19.3.2018, lch. 1), cumhdaítear aon mhainneachtain leis an gciste sin laistigh de theorainn an mhéid atá ar fáil. De bhun Airteagal 32(9) de Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1), a tháinig in ionad Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009, bhí glansócmhainní an Chiste ráthaíochta an 31 Iúil 2021 le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha le haistriú isteach sa chiste do sholáthar coiteann. Rinneadh an t-aistriú sin an 1 Lúnasa 2021.

Tá an éifeacht ar an mbuiséad teoranta dá bhrí sin don mhéid seo a leanas íocaíocht bhliantúil amháin leis an gCiste Ráthaíochta nó, go heisceachtúil, uaidh chun a spriocmhéid de 9 % de na hoibríochtaí ráthaithe a choinneáil ar bun.

I gcás mainneachtana ag tairbhithe iasachta, cumhdaítear na híocaíochtaí le haghaidh fhiachas an Aontais a bhaineann le MFA suas go dtí leibhéal 9 % den mhéid iomlán atá dlite ón gciste don soláthar coiteann. I gcás ina n-úsáidtear an ciste don soláthar coiteann ina iomláine, ní mór do bhuiséad an Aontais an ciste soláthair a athshlánú go dtí an t-íosráta soláthair 9 %.

Ón 1 Eanáir 2007, scoireann iasachtaí leis an mBulgáir agus leis an Rómáin de bheith ina ngníomhaíochtaí seachtracha (féach Airteagal 1, an tríú mír, de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2728/94) agus dá bhrí sin cumhdaítear le buiséad an Aontais iad agus ní chumhdaítear leis an gCiste Ráthaíochta iad a thuilleadh.

## IASACHTAÍ AGUS IASACHTAÍOCHTAÍ GAOLMHARA CHUN CÚNAMH AIRGEADAIS A CHUR AR FÁIL DO NA BALLSTÁIT

## VI. **SAORÁID AONAIR TRÍNA SOLÁTHRAÍTEAR CÚNAMH AIRGEADAIS MEÁNTÉARMACH FAOI CHOMHAIR CHOMHARDUITHE ÍOCAÍOCHTAÍ NA mBALLSTÁT**

### 1. **Bunús dlí**

Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 lena mbunaítear saoráid trína soláthraítear cúnamh airgeadais meántéarmach i leith chomharduithe íocaíochtaí na mBallstát (IO L 53, 23.2.2002, lch. 1).

Cinneadh 2009/290/CE ón gComhairle an 20 Eanáir 2009 lena soláthraítear cúnamh airgeadais meántéarmach Comhphobail do Phoblacht na Laitvia (IO L 79, 25.3.2009, lch. 39).

Cinneadh 2009/459/CE ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena soláthraítear cúnamh airgeadais meántéarmach Comhphobail don Rómáin (IO L 150, 13.6.2009, lch. 8).

### 2. **Tuairisc /// Cur síos**

I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 332/2002, féadfaidh an tAontas iasachtaí a dheonú do Bhallstáit ag a bhfuil deacrachtaí, nó a bhfuil deacrachtaí ag dianbhagairt orthu, i gcomhardú a n-íocaíochtaí reatha nó a ngluaiseachtaí caipitil. Ní fhéadfar ach amháin na Ballstáit sin nach bhfuil an euro glactha acu tairbhiú den tsaoráid sin. Bhí méid gan íoc na n-iasachtaí teoranta do EUR 12 000 000 000 i bhfoirm phríomhshuime.

An 2 Nollaig 2008, chinn an Chomhairle an tsaoráid a leathnú chuig EUR 25 000 000 000.

An 20 Eanáir 2009, chinn an Chomhairle cúnamh airgeadais meántéarmach Comhphobail a sholáthar don Laitvia i bhfoirm iasachta meántéarmaí príomhshuime suas le EUR 3 100 000 000 le haghaidh meánaibíocht uasta 7 mbliana.

An 6 Bealtaine 2009, chinn an Chomhairle cúnamh airgeadais meántéarmach Comhphobail a sholáthar don Rómáin i bhfoirm iasachta meántéarmaí príomhshuime suas le EUR 5 000 000 000 le haghaidh meánaibíocht uasta 5 bliana.

An 18 Bealtaine 2009, chinn an Chomhairle an tsaoráid a leathnú chuig EUR 50 000 000 000.

### 3. **Éifeacht ar an mbuiséad**

Ós rud é gur ar théarmaí comhionanna a dhéantar an dá chuid de na hoibríochtaí sin chun iasachtaí a fháil agus iasachtaí a thabhairt, ní dhéanann siad difear do bhuiséad an Aontais ach amháin sa chás nach dóchúil ar chor ar bith nach gcomhlíonann Ballstát a oibleagáidí íocaíochta sceidealaithe, rud a fhágann go gcumhdófar na híocaíochtaí le haghaidh urrúis fiachais an Aontais a bhaineann le comhardú na n-íocaíochtaí leis an lamháil atá ar fáil faoi uasteorainn bhuan na n-acmhainní dílse. An 31 Nollaig 2022, is é EUR 200 000 000 an méid caipitil a bhí gan íoc faoin ionstraim seo.

## VII. **Ráthaíocht an Aontais Eorpaigh le haghaidh iasachtaí le haghaidh cúnamh airgeadais faoin Sásra cobhsaíochta airgeadais Eorpach**

### 1. **Bunús dlí**

Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2010 lena mbunaítear sásra cobhsaíochta airgeadais Eorpach (IO L 118, 12.5.2010, lch. 1).

Airteagal 122(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/77/AE ón gComhairle an 7 Nollaig 2010 maidir le cúnamh airgeadais ón Aontas a dheonú d'Éirinn (IO L 30, 4.2.2011, lch. 34).

Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/344/AE ón gComhairle an 30 Bealtaine 2011 maidir le cúnamh airgeadais ón Aontas a dheonú don Phortaingéil (IO L 159, 17.6.2011, lch. 88).

### 2. **Tuairisc /// Cur síos**

Le hAirteagal 122(2) CFAE, déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht go ndeonódh an tAontas cúnamh airgeadais do Bhallstát ag a bhfuil deacrachtaí nó a bhfuil géardheacrachtaí ag dianbhagairt air arb é is cúis leo, inter alia, tarluithe eisceachtúla nach bhfuil neart aige orthu.

Is le haghaidh iasachtaí a thiomsaítear ar na margaí caipitil nó ó institiúidí airgeadais í an ráthaíocht a sholáthraíonn an tAontas.

I gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 407/2010, beidh méid gan íoc na n-iasachtaí agus na línte creidmheasa a dheonaítear do na Ballstáit faoin sásra cobhsaíochta airgeadais Eorpach teoranta don chorrlach atá ar fáil faoi acmhainní dílse an Aontais le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Is é atá sa mhír seo an struchtúr le haghaidh na ráthaíochta a sholáthraíonn an tAontas. Cuirfear ar a chumas don Choimisiún léi an fiach a sheirbhísiú i gcás ina mainneodh féichiúnaithe.

Chun a oibleagáidí a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún tarraingt ar a acmhainní airgid chun an fiachas a sheirbhísiú go sealadach. Beidh feidhm ag Airteagal 12 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1150/2000 ón gComhairle an 22 Bealtaine 2000 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2007/436/CE, Euratom maidir le córas acmhainní dílse na gComhphobal Eorpach (IO L 130, 31.5.2000, lch. 1).

An 7 Nollaig 2010, chinn an tAontas iasacht a chur ar fáil d'Éirinn arb ionann é agus uasmhéid EUR 22 500 000 000, le meánaibíocht uasta 7.5 bliain (IO L 30, 4.2.2011, lch. 34).

An 30 Bealtaine 2011, chinn an tAontas iasacht a chur ar fáil don Phortaingéil arb ionann é agus uasmhéid EUR 26 000 000 000 (IO L 159, 17.6.2011, lch. 88).

An 11 Deireadh Fómhair 2011, chinn an Chomhairle Cinntí Cur Chun Feidhme 2011/77/AE agus 2011/344/AE a leasú trí shíneadh a chur leis na haibíochtaí agus laghdú chorrlach an ráta úis a chur i bhfeidhm maidir leis na tráinsí uile a eisíocadh cheana (Cinntí Cur Chun Feidhme 2011/682/AE agus 2011/683/AE).

An 21 Meitheamh 2013, chinn an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/77/AE a leasú trí shíneadh a chur leis an meánaibíocht iasachta agus an fhéidearthacht a sholáthar síneadh a chur le haibíochtaí tráthchoda arna iarraidh sin d'Éirinn (Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/313/AE).

An 21 Meitheamh 2013, chinn an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/77/AE a leasú trí shíneadh a chur leis an meánaibíocht iasachta agus an fhéidearthacht a sholáthar síneadh a chur le haibíochtaí tráthchoda arna iarraidh sin don Phortaingéil. Ina theannta sin, sonraíodh bearta lena nglacadh ag an tír i gcomhréir le sonraíocht sa Mheabhrán Tuisceana (Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/323/AE).

An 22 Deireadh Fómhair 2013, chinn an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/77/AE a leasú trí shíneadh a chur le hinfhaighteacht an chúnaimh airgeadais a dheonaítear d'Éirinn (Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/525/AE).

### 3. **Éifeacht ar an mbuiséad**

Ós rud é gur ar théarmaí comhionanna a dhéantar an dá chuid de na hoibríochtaí sin chun iasachtaí a fháil agus iasachtaí a thabhairt, ní dhéanann siad difear don bhuiséad ach amháin sa chás nach dóchúil ar chor ar bith nach gcomhlíonann Ballstát a oibleagáidí íocaíochta sceidealaithe, rud a fhágann go gcumhdófar na híocaíochtaí le haghaidh urrúis fiachais an Aontais a bhaineann le EFSM leis an lamháil atá ar fáil faoi uasteorainn bhuan na n-acmhainní dílse. An 31 Nollaig 2022, is é EUR 46 300 000 000 an méid caipitil a bhí gan íoc faoin ionstraim seo.

## VIII. **AN IONSTRAIM EORPACH LE hAGHAIDH TACAÍOCHT SHEALADACH CHUN RIOSCAÍ DÍFHOSTAÍOCHTA A MHAOLÚ I gCÁS ÉIGEANDÁLA (SURE)**

### 1. **Bunús dlí**

Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19 (IO L 159, 20.5.2020, lch. 1).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1342 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Ríocht na Beilge chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 4).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Bulgáire chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 10).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1344 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Cipire chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 13).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Seice chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 17).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1346 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 don Ghréig chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 21).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1347 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Ríocht na Spáinne chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 24).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Cróite chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 28).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1349 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na hIodáile chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 31).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1350 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Liotuáine chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 35).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1351 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Laitvia chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 38).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1352 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht Mhálta chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 42).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1353 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Polainne chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 45).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Portaingéile chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 49).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1355 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 don Rómáin chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 55).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1356 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Slóivéine chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 59).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1357 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Slóvaice chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 63).

## 2. **Tuairisc /// Cur síos**

Le hAirteagal 122(1) CFAE ceadaítear don Chomhairle cinneadh a dhéanamh, ar thogra ón gCoimisiún agus de mheon na dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit, maidir leis na bearta iomchuí chun freagairt don staid shocheacnamaíoch tar éis ráig COVID-19.

Le hAirteagal 122(2) CFAE cumasaítear don Chomhairle cúnamh airgeadais ón Aontas a dheonú do Bhallstát a bhfuil deacrachtaí aige nó atá faoi dhianbhagairt de dheasca tarluithe eisceachtúla nach bhfuil neart aige orthu.

Le cruthú ionstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) tar éis ráig COVID-19 ba cheart a chur ar a chumas don Aontas freagairt don ghéarchéim sa mhargadh saothair ar bhealach comhordaithe, gasta agus éifeachtach agus de mheon na dlúthpháirtíochta i measc na mBallstát, rud a mhaolaíonn an tionchar ar fhostaíocht le haghaidh daoine aonair agus na n-earnálacha eacnamaíocha is mó a ndéantar difear dóibh agus a mhaolaíonn éifeachtaí díreacha na staide eisceachtúla sin ar chaiteachas poiblí na mBallstát.

Le hAirteagal 220(1) den Rialachán Airgeadais sonraítear gur féidir cúnamh airgeadais ón Aontas do na Ballstáit a bheith i bhfoirm iasachta. Ba cheart na hiasachtaí sin a dheonú do na Ballstáit i gcás inarb é a tháinig as ráig COVID-19 mórmhéadú tobann, ón 1 Feabhra 2020 amach, ar chaiteachas poiblí iarbhír agus pleanáilte, b'fhéidir, de dheasca bearta náisiúnta. Áirithítear leis an dáta sin cóir chomhionann le haghaidh na mBallstát uile agus déantar foráil maidir le cumhdach a dhéanamh ar a méaduithe iarbhír agus, b'fhéidir, a méaduithe pleanáilte freisin ar chaiteachas a bhaineann leis na héifeachtaí ar mhargaí saothair na mBallstát, gan beann ar an tráth a tharla ráig COVID-19 i ngach Ballstát sonrach. Ba cheart na bearta náisiúnta, a thuigtear a bheith i gcomhréir le prionsabail ábhartha na gceart bunúsach, a bheith bainteach go díreach le scéimeanna oibre gearr-ama agus le bearta comhchosúla a chruthú nó le síneadh a chur leo, lena n-áirítear bearta le haghaidh daoine féinfhostaithe, nó le bearta áirithe a bhaineann leis an tsláinte. Is éard atá i gceist le scéimeanna gearr-ama oibre cláir phoiblí lena gceadaítear, in imthosca áirithe, do ghnólachtaí ag a bhfuil deacrachtaí eacnamaíocha, laghdú a dhéanamh go sealadach ar na huaireanta a oibríonn a bhfostaithe, dá soláthraítear tacaíocht ioncaim phoiblí le haghaidh na n-uaireanta nár oibríodh.

Le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2020/672 sonraítear nár cheart uasmhéid an chúnaimh airgeadais EUR 100 000 000 000 a shárú le haghaidh na mBallstát uile.

### 3. Éifeacht ar an mbuiséad

Is ollmhór suaiteach an tionchar a bhí ag ráig COVID-19 ar chóras eacnamaíoch gach Ballstáit. Dá dheasca sin, tá gá le ranníocaíochtaí comhchoiteanna ó na Ballstáit i bhfoirm ráthaíochtaí lena dtacaítear leis na hiasachtaí ó bhuiséad an Aontais. Tá gá leis na ráthaíochtaí sin chun a chur ar a chumas don Aontas iasachtaí atá mór a ndóthain a dheonú do na Ballstáit chun tacú le beartais maidir leis an margadh saothair is mó a bhfuil brú orthu. Chun a áirithiú go mbeidh an dliteanas teagmhasach a eascraíonn as na hiasachtaí sin comhoiriúnach leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil is infheidhme agus leis na huasteorainneacha acmhainní dílse, ba cheart na ráthaíochtaí a sholáthraíonn na mBallstáit a bheith neamh-inchúlghairthe, neamhchoinníollach agus ar éileamh, cé gur cheart stóinseacht an chórais a fheabhsú le coimircí breise. I gcomhréir le ról comhlántach na ráthaíochtaí sin, agus gan dochar dá gcineál neamh-inchúlghairthe, neamhchoinníollach agus ar éileamh, tá coinne leis go ndéanfaidh an Coimisiún, sula n-iarrann sé na ráthaíochtaí a sholáthraíonn na Ballstáit, tarraingt ar an gcorrlach atá ar fáil faoin uasteorainn acmhainní dílse le haghaidh leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí a mhéid a mheasann an Coimisiún is inbhuanaithe, ag féachaint, *inter alia*, do dhliteanais theagmhasacha iomlána an Aontais, lena n-áirítear faoin tsaoráid faoi chomhair chomhardú na n-íocaíochtaí a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 lena mbunaítear saoráid trína soláthraítear cúnamh airgeadais meántéarmach i leith chomharduithe íocaíochtaí na mBallstát (IO L 53, 23.2.2002, lch. 1). Sa ghlao ábhartha ar ráthaíochtaí, ba cheart don Choimisiún na Ballstáit a chur ar an eolas faoin méid ar baineadh leas as an gcorrlach atá ar fáil. Féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá atá le ráthaíochtaí a sholáthraíonn na Ballstáit má thagtar ar chomhaontú maidir le huasteorainn acmhainní dílse athbhreithnithe.

Ós rud é gur ar théarmaí comhionanna a dhéantar an dá chuid de na hoibríochtaí sin chun iasachtaí a fháil agus iasachtaí a thabhairt, ní dhéanann siad difear don bhuiséad ach amháin sa chás nach dóchúil ar chor ar go mainneoidh na Ballstáit, rud a fhágann go ndéanfar na híocaíochtaí d'fhiachas an Aontais a bhaineann le SURE a chumhdach leis an lamháil atá ar fáil faoi uasteorainn acmhainní dílse buan bhuiséad an Aontais, chomh maith leis an ráthaíocht 25 % arna soláthar ag na Ballstáit uile. An 31 Nollaig 2022, is é EUR 98 355 000 000 an méid caipitil a bhí gan íoc faoin ionstraim seo.

## IX. NEXTGENERATIONEU

### 1. Bunús dlí

Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 ina leagtar síos forálacha coitianta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis an gCiste Comhtháthaithe, maidir le Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir leis an gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320), agus go háirithe Airteagail 92a agus 92b de agus Iarscríbhinn VIIa a ghabhann leo.

Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

OIBRÍOCHTAÍ CHUN IASACHTAÍ A FHÁIL AGUS IASACHTAÍ A THABHAIRT — OIBRÍOCHTAÍ CHUN IASACHTAÍ A FHÁIL AGUS IASACHTAÍ A THABHAIRT A RÁTHAÍTEAR LE BUISÉAD AN AONTAIS (TRÍ LÉIRIÚ)

Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 23).

Rialachán (AE) 2020/2221 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní breise agus socruithe cur chun feidhme chun cúnamh a chur ar fáil chun leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach an gheilleagair a ullmhú (REACT-EU) (IO L 437, 28.12.2020, lch. 30).

Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha do rannpháirtíocht agus do scaipeadh, lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1).

## 2. **Tuairisc /// Cur síos**

Géarchéim fhorleathan thromchúiseach don tsláinte phoiblí is ea paindéim COVID-19. Tá difear as cuimse á dhéanamh aige do shaoránaigh, do shochaithe, agus do gheilleagair ar fud an domhain. Ní raibh géarchéim sláinte chomh mór léi ann riamh, agus na beartais atá ann le smacht a chur uirthi, is freagairt nach bhfacthas a macasamhail riamh roimhe atá iontu.

Le plean cuimsitheach don téarnamh Eorpach, bhí gá le hinfheistíocht ollmhór phoiblí agus phríobháideach ar an leibhéal Eorpach chun an tAontas a chur ar bhealach daingean i dtreo téarnamh inbhuanaithe agus athléimneach, chun poist ar ardchaighdeán a chruthú agus chun an damáiste láithreach a rinne paindéim COVID-19 a leigheas agus san am céanna tacú le tosaíochtaí glasa agus digiteacha an Aontais. Chun an maoiniú le haghaidh Rialachán (AE) 2020/2094 a sholáthar, mhol an Coimisiún leasú ar Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 lenar údaraíodh don Aontas EUR 750 billiún i bpraghsanna 2018 a fháil ar iasacht go sealadach agus go heisceachtúil, chun uasteorainn na n-acmhainní dílse a mhéadú chun freastal ar na dliteanais agus ar na dliteanais theagmhasacha le haghaidh iasachtaí do na Ballstáit. Faoi Rialachán(AE) 2020/2094, cinntear leithdháileadh na gcistí ar chláir Aontais éagsúla i gcomhréir leis an straitéis a leagtar amach sa Phlean do Théarnamh an Aontais Eorpaigh.

Féadfar suas le EUR 384,4 billiún i bpraghsanna 2018 a úsáid i leith tacaíocht neamh-inaisíoctha agus i leith tacaíocht inaisíoctha trí bhíthin ionstraimí airgeadais.

Féadfar suas le EUR 360 billiún de réir phraghsanna 2018 a úsáid chun iasachtaí a sholáthar do na Ballstáit. ([1]). Glacfaidh an tAontas dliteanas teagmhasach ina ghealltanas air féin as ucht na n-iasachtaí sin go dtí go mbeidh aisíoc déanta orthu.

Féadfar suas le EUR 5,6 billiún i bpraghsanna 2018 a úsáid chun ráthaíochtaí buiséadacha agus caiteachas gaolmhar a sholáthar.

([1]) Tá iasacht iarrtha ag 13 Bhallstát roimh an spriocdháta dlíthiúil, an 31 Lúnasa 2023. I gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún measúnú dearfach ar na hiarrataí iasachta breise sin agus go bhformheasfaidh an Chomhairle iad, bheadh thart ar EUR 292,6 billiún i bpraghsanna reatha tacaíochta iasachta geallta faoin RRF, arb ionann é agus thart ar 76 % den EUR 385,8 billiún i dtacaíocht iasachta atá ar fáil faoin RRF. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Forbhreathnú ar iarratais iasachta na mBallstát faoin RRF (europa.eu).

Cuireann Ionstraim an Aontais Eorpaigh um Théarnamh maoiniú ar fáil do bhearta agus do ghníomhaíochtaí atá le cur i gcrích faoi mar a leagtar amach i bPlean Téarnaimh an Aontais Eorpaigh. Leis na hacmhainní a thiomsaítear trí bhíthin na heisiúna, maoineofar na bearta seo a leanas: (a) bearta chun fostaíocht agus cruthú post a athbhunú; (b) bearta i bhfoirm athchóirithe agus infheistíochtaí chun borradh a chur faoin acmhainneacht fáis agus fostaíochta inbhuanaithe d'fhonn an comhtháthú idir na Ballstáit a neartú agus a n-athléimneacht a mhéadú; (c) bearta le haghaidh gnólachtaí a ndearna tionchar eacnamaíoch ghéarchéim COVID-19 díobháil dóibh, go háirithe bearta a théann chun tairbhe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, chomh maith le tacú le hinfheistíocht i ngníomhaíochtaí atá ríthábhachtach chun an fás inbhuanaithe a neartú san Aontas, lena n-áirítear infheistíocht dhíreach airgeadais i bhfiontair; (d) bearta le haghaidh an taighde agus na nuálaíochta mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19; (e) bearta chun leibhéal ullmhachta an Aontais do ghéarchéimeanna a mhéadú agus a áirithiú gur féidir leis an Aontas freagairt a thabhairt go tapa agus go héifeachtach i gcás éigeandálaí móra, lena n-áireofar soláthairtí leighis fíor-riachtanach agus trealamh leighis fíor-riachtanacha a stoc-charnadh agus na bonneagair riachtanacha a fháil i gcomhair mearfhreagartha i gcás géarchéime; (f) bearta chun a áirithiú nach mbainfidh géarchéim COVID-19 an bonn d'aistriú cothrom chuig geilleagar aeráidneodrach; (g) bearta chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19 ar an talmhaíocht agus ar an bhforbairt tuaithe.

Maidir le leithdháileadh na gcistí, is mar seo a leanas atá suas le EUR 384 400 milliún i bpraghsanna 2018 i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha agus tacaíochta inaisíoctha trí bhíthin ionstraimí airgeadais le leithdháileadh: (i) suas le EUR 47 500 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh cláir struchtúracha agus chomhtháthaithe den chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020 faoi mar atá sé á neartú go dtí 2022, lena n-áirítear tacaíocht trí bhíthin ionstraimí airgeadais; (ii) suas le EUR 312 500 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh clár chun téarnamh agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta a mhaoiniú trí thacaíocht d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí; (iii) suas le EUR 1 900 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh cláir a bhaineann leis an gcosaint shibhialta; (iv) suas le EUR 5 000 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh cláir a bhaineann leis an taighde agus an nuálaíocht, lena n-áirítear tacaíocht trí bhíthin ionstraimí airgeadais; (v) suas le EUR 10 000 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh cláir a thacaíonn leis na críocha agus iad ag aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach; (vi) suas le EUR 7 500 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh na forbartha i gceantair thuaithe.

Ina theannta sin, tá suas le EUR 360 000 milliún i bpraghsanna 2018 le leithdháileadh in iasachtaí do na Ballstáit le haghaidh clár lena maoinítear téarnamh agus athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta trí thacaíocht a thabhairt d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí agus tá suas le EUR 5 600 milliún i bpraghsanna 2018 le leithdháileadh chun ráthaíochtaí buiséadacha agus caiteachas gaolmhar a sholáthar do chláir lena ndírítear ar thacú le hoibríochtaí infheistíochta i réimse bheartais inmheánacha an Aontais.

Is i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sna gníomhartha bunúsacha lena mbunaítear na hionstraimí beartais a dhéanfar na gníomhaíochtaí agus na bearta. Is ar an ábhar sin a chuir an Coimisiún isteach go comhthreomhar na tograí reachtacha is gá chun a áirithiú gur féidir leis na hionstraimí beartais sin ioncaim shannta sheachtracha is toradh ar chur chun feidhme Rialachán (AE) 2020/2094 a fháil.

## 3. **Éifeacht ar an mbuiséad**

Le Rialachán (AE) 2020/2094 soláthraítear tacaíocht airgeadais ó ioncam sannta seachtrach ó iasachtaí ón Aontais atá údaraithe faoi Airteagal 5 de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 le haghaidh tacaíocht neamh-iníoctha, tacaíocht inaisíoctha trí bhíthin ionstraimí airgeadais, agus le haghaidh soláthar do ráthaíochtaí buiséadacha agus do chaiteachas gaolmhar. Chuige sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le leithreasuithe i gcomhair oibleagáidí agus leithreasuithe i gcomhair íocaíochtaí chun méideanna atá dlite don iasacht a chumhdach (le haghaidh íocaíochtaí cúpóin agus fuascailtí i dtráth na haibíochta). Ní dhéanfar aon ghlaniasachtaíocht nua tar éis 2026. Beartaíodh aisíoc na gcistí i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, chun a áirithiú go dtiocfaidh laghdú seasta intuartha ar dhliteanais. Tá sé beartaithe na dliteanais uile a aisíoc ina n-iomláine faoin 31 Nollaig 2058 ar a dhéanaí. Na leithreasuithe is gá dá bhforáiltear i gclársceidealú airgeadais CAI chun íocaíochtaí cúpóin féideartha le linn na tréimhse 2021-2027 a chumhdach, is leithreasuithe iad atá comhoiriúnach leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, agus go háirithe le Ceannteideal 2 'Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna' (lena n-eisiatar 'Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach'). Na Creataí Airgeadais Ilbhliantúla a bheidh ann amach anseo, ní mór dóibh na leithreasuithe riachtanacha a chur ar fáil chun íocaíochtaí cúpóin agus fuascailtí a chumhdach ar theacht in aibíocht dóibh. Déanfaidh na Ballstáit is tairbhithe na hiasachtaí a aisíoc, agus ní íocfaidh an tAontas ach dliteanas teagmhasach atá comhoiriúnach le huasteorainn shonrach a gcuid n-acmhainní féin..

OIBRÍOCHTAÍ CHUN IASACHTAÍ A FHÁIL AGUS IASACHTAÍ A THABHAIRT — OIBRÍOCHTAÍ CHUN IASACHTAÍ A FHÁIL AGUS IASACHTAÍ A THABHAIRT A RÁTHAÍTEAR LE BUISÉAD AN AONTAIS (TRÍ LÉIRIÚ)

Maidir leis an iasachtaíocht, tá an tAontas ag brath ar a rátáil chreidmheasa ard chun téarmaí airgeadais fabhracha a fháil. Chun an rátáil sin a chosaint, bhain an tAontas úsáid as an tsolúbthacht a bheidh ann i dtaca le buiséad an Aontais mar ráthaíocht, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053. Is éard atá sa tsolúbthacht an difríocht idir an t-uasmhéid ioncaim is féidir leis an Aontas a thiomsú do bhuiséad an Aontais agus an caiteachas iarbhír ó bhuiséad an Aontais. Dá bhrí sin, ráthaítear léi gur féidir leis an Aontas a ghealltanais a chomhlíonadh i gcónaí, gan beann ar na cúinsí. Chun an iasachtaíocht faoi NextGenerationEU a ráthú, is airde de 0,6 pointe céatadáin an tsolúbthacht atá ag an Aontas ná an tsolúbthacht chaighdeánach, le haghaidh na tréimhse go dtí 2058.

# ATHRUITHE AINMNÍOCHTA

ATHRUITHE AINMNÍOCHTA

**Réamhrá a ghabhann leis an ainmníocht**

Leis an ainmníocht le haghaidh Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027, mar a cinneadh tar éis do Bhuiséad an Aontais 2021 a bheith glactha, tá an naisc idir ceannteidil agus cláir CAI níos soiléire, níos eolasaí agus níos ailínithe.

Ó Bhuiséad an Aontais 2021 i leith agus i gcomhréir leis an gcomhaontú polaitiúil maidir le CAI 2021-2027, cruthaítear struchtúr ainmníocht an bhuiséid de réir braisle chláir (réimse beartais) a chomhfhreagraíonn don 'críoch' de réir bhrí Airteagal 47 den Rialachán Airgeadais.

Comhfhreagraíonn na chéad 15 theideal do na braislí cláir laistigh de cheannteidil CAI 1 go 6 mar a chuirtear i láthair i dtograí CAI 2021-2027 ó mhí na Bealtaine 2018 agus 2020. Áirítear i dteideal 16 caiteachas lasmuigh de na huasteorainneacha bliantúla a leagtar amach in CAI, ionstraimí speisialta go príomha.

Laistigh de na chéad 16 theideal sin, rinneadh an struchtúr sna caibidlí a chomhchuibhiú mar a leanas:

— Le Caibidil 01 grúpáiltear an caiteachas tacaíochta a mhaoinítear ó imchlúdaigh na gclár a áirítear sa teideal arna iarraidh sin leis an Rialachán Airgeadais.

Aicmítear caiteachas tacaíochta gach cláir in airteagail (agus déantar é a mhiondealú a thuilleadh chuig leibhéal na míreanna i gcás inar gá) de réir sheicheamh na gcaibidlí oibríochtúla.

Maidir le fóirdheontais oibríochta na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin, a mhuirearaítear ar imchlúdaigh na gclár a tharmligtear chucu, cuirtear i láthair faoi mhíreanna caighdeánaithe iad, rud a fhágann gur féidir iad a shainaithint go héasca ar fud na hainmníochta iomláine: XX 01 XX 7X.

— Le Caibidlí 02 go 07 (athraíonn an uimhir ó theideal go chéile) grúpáiltear caiteachas oibríochtúil na gclár a áirítear sa teideal, a mhiondealaítear ina airteagail (agus ina mhíreanna) a chomhfhreagraíonn do na cuspóirí sonracha a shainítear sna bunúis dlí earnála;

— Le Caibidil 10 grúpáiltear ranníocaíochtaí an Aontais leis na gníomhaireachtaí díláraithe a áirítear sa teideal;

— Le Caibidil 20 grúpáiltear na cineálacha caiteachais seo a leanas:

— Le hAirteagal 01 áirítear caiteachas iomlán threoirthionscadail an teidil;

— Le hAirteagal 02 áirítear caiteachas iomlán réamhbhearta an teidil;

— Le hAirteagal 03 áirítear caiteachas nach bhfuil ina chuid de chlár ach arb ann do bhunghníomh lena aghaidh;

— Le hAirteagal 04 áirítear an caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus cumhachtaí sonracha a thugtar don Choimisiún.

Le Teideal 20 áirítear caiteachas riaracháin an Choimisiúin agus le Teideal 21 áirítear na pinsin (de chuid iarfhoireann agus iarchomhaltaí institiúidí uile an Aontais) agus na ranníocaíochtaí leis na Scoileanna Eorpacha. Sa dá theideal sin áirítear an caiteachas a thagann faoi cheannteideal CAI 7 'An Riarachán Poiblí Eorpach'.

Ar deireadh, is é atá i dTeideal 30 an teideal 'forálacha' dá bhforáiltear in Airteagal 49 den Rialachán Airgeadais.

Dhá ainmníocht chomhlántacha

Tá príomhainmníocht an Choimisiúin comhlánaithe le dhá ainmníocht faoi Iarscríbhinní 1 agus 2 don roinn seo:

— i gcomhréir le hAirteagal 65 den Rialachán Airgeadais, leagtar amach in Iarscríbhinn 1 ar bhealach níos mionsonraithe caiteachas na sé oifig (O1 go O6). Leanann an iarscríbhinn sin struchtúr de réir oifige atá cosúil le Teideal 20 den phríomhainmníocht ina ndéantar caiteachas iomlán gach oifige a iontráil i línte buiséid sonracha (faoi chaibidil 3);

— le hIarscríbhinn 2 cuirtear i láthair gach treoirthionscadal agus réamhbheart leanúnach aonair de réir an struchtúir chaighdeánaithe seo a leanas:

— cuirtear teideal ar leithligh ar fáil le haghaidh na dtreoirthionscadal 'PP' agus le haghaidh na réamhbheart 'PA';

— laistigh de gach ceann den dá theideal sin, caibidlí a chomhfhreagraíonn don bhraisle chláir óna maoinítear treoirthionscadail agus réamhbhearta. Comhfhreagraíonn an caiteachas iomlán de réir caibidle in Iarscríbhinn 2 do mhéideanna an chaiteachais a chuirtear i láthair faoi Airteagail XX 20 01 agus XX 20 02 den phríomhainmníocht le haghaidh treoirthionscadal agus réamhbheart, faoi seach;

— laistigh de gach caibidil, comhfhreagraíonn airteagail don bhliain bhuiséadach inar glacadh na treoirthionscadail agus na réamhbhearta.

Táblaí comhfhreagrais

Leis na táblaí thíos cuirtear i láthair, le haghaidh gach ceann de na trí ainmníocht (An Príomhstruchtúr – treoirthionscadail agus réamhbhearta – Oifigí), an comhfhreagras ar leibhéal na líne buiséid idir buiséad 2023 agus bhuiséad 2024.

## Athruithe ainmníochta idir buiséad 2023 agus buiséad 2024

### An Príomhstruchtúr

| Buiséad 2023 | Buiséad 2024 | Ainm i mBuiséad 2024 | Gníomhaíocht |
|---|---|---|---|
| **An Spás** | | | |
| | 04 20 01 | Treoirthionscadail | Nua |
| | 04 20 02 | Gníomhaíochtaí ullmhúcháin | Nua |
| **Beartas Talmhaíochta agus Muirí** | | | |
| 08 02 99 02 | | Cur i gcrích bearta roimhe seo faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) — Bainistíocht dhíreach | Scriosta |
| 08 03 05 | | An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta - Ranníocaíocht ó CETFT | Scriosta |
| **An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** | | | |
| 03 20 03 02 | 09 20 04 01 | Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha | Aistrithe |
| **An Chosaint** | | | |
| | 13 01 05 | Caiteachas tacaíochta don Ionstraim um an Tionscal Cosanta a Atreisiú | Nua |
| | 13 07 01 | An Ionstraim um an Tionscal Cosanta a Atreisiú | Nua |
| **Caiteachas lasmuigh de na huasteorainneacha bliantúla a leagtar amach sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil** | | | |
| | 16 02 04 | An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – Ranníocaíocht ón gCúlchiste Coigeartaithe Brexit | Nua |

## Treoirthionscadail agus Réamhbhearta

| Buiséad 2023 | Buiséad 2024 | Ainm i mBuiséad 2024 | Gníomhaíocht |
|---|---|---|---|
| | | **TREOIRTHIONSCADAIL** | |
| PP 01 17 01 | | Treoirthionscadal — Tionscnamh chun Feasacht ar Algartaim a Chothú | Scriosta |
| PP 01 17 02 | | Treoirthionscadal — Ardán Eorpach maidir le daoine leochaileacha sa tSochaí Faisnéise: dea-chleachtais agus tionchar socheacnamaíoch le haghaidh cumhachtú pobal leochaileach a mhapáil trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFCanna) | Scriosta |
| PP 01 18 04 | | Treoirthionscadal — Imeachtaí mórscála a eagrú — 'An Eolaíocht i bParlaimintí agus i Réigiúin' | Scriosta |
| PP 01 19 07 | | Treoirthionscadal — Míchumas léitheoireachta agus rochtain ar dhoiciméid – cur chuige féideartha | Scriosta |
| PP 01 19 08 | | Treoirthionscadal — Teicnicí comhtháite le haghaidh neartú seismeach agus éifeachtúlacht fuinnimh i gcomhair foirgneamh atá ann cheana féin | Scriosta |
| | PP 01 24 01 | Treoirthionscadal — Tionscnamh Tacaíochta Taidhleoireachta maidir le Sliseanna | Nua |
| | PP 01 24 02 | Treoirthionscadal — Modheolaíocht um lorg chomhshaoil a fhorbairt atá sonrach don earnáil spáis | Nua |
| | PP 01 24 03 | Treoirthionscadal — Tionscadail Pobail Áitiúla agus Réigiúnacha um an Bauhaus Nua Eorpach a Spreagadh | Nua |
| | PP 01 24 04 | Treoirthionscadal — Coinneáil Taighdeoirí Sármhaithe san Eoraip a Neartú | Nua |
| PP 02 17 02 | | Treoirthionscadal — Gluaiseacht roinnte inbhuanaithe idirnasctha leis an iompar poiblí i limistéir thuaithe san Eoraip (an coincheap a bhaineann le 'limistéir thuaithe le hiompar cliste' (SMARTA) a fhorbairt) | Scriosta |
| PP 02 18 01 | | Treoirthionscadal — Staidéar féidearthachta le haghaidh teicneolaíocht mórleabhar dáilte a chuirtear i bhfeidhm ar mhargadh fuinnimh na hEorpa | Scriosta |
| PP 02 18 03 | | Treoirthionscadal — OREL — Córas Eorpach chun calaois odaiméadair a theorannú: an chonair mhear i dtreo ródacmhainneachta san Aontas | Scriosta |
| PP 02 19 01 | | Treoirthionscadal — TachogrApp: staidéar féidearthachta agus anailís chostais a dhéanamh maidir le feidhmchlár deimhnithe a úsáidfear mar thacagraf a fhorbairt | Scriosta |
| PP 02 20 03 | | Treoirthionscadal — Soghluaisteacht uirbeach a idirnascadh le bonneagar aeriompair | Scriosta |
| PP 02 20 04 | | Treoirthionscadal — Traenacha oíche trasteorann a athbheochan | Scriosta |
| | PP 02 24 02 | Treoirthionscadal — Bonneagar lána rothar trasteorann a fhorbairt | Nua |
| PP 03 15 01 | | Treoirthionscadal — Oiliúint le haghaidh FBManna maidir le cearta tomhaltóra sa ré dhigiteach | Scriosta |
| PP 03 16 01 | | Treoirthionscadal — Tionscnamh Tionscanta um Gheilleagar Comhroinnte — Todhchaí fhiontraíocht na hEorpa a mhaoiniú | Scriosta |
| PP 03 16 02 | | Treoirthionscadal — Ionstraim FBM chun rannpháirtíocht na mban a threisiú | Scriosta |

ATHRUITHE AINMNÍOCHTA

| Buiséad 2023 | Buiséad 2024 | Ainm i mBuiséad 2024 | Gníomhaíocht |
|---|---|---|---|
| PP 03 16 03 | | Treoirthionscadal — Fothú acmhainneachta fiontraíche le haghaidh imircigh óga | Scriosta |
| PP 03 17 01 | | Treoirthionscadal — Ceannaireacht a Bhaint amach i nDeiseanna Fiontraíochta agus Comhair (ALECO) | Scriosta |
| PP 03 17 02 | | Treoirthionscadal — Tascfhórsa Cothrománach um Theicneolaíocht Mhórleabhair Dáilte agus cásanna úsáide rialtais | Scriosta |
| PP 03 18 04 | | Treoirthionscadal — Fíor-Aontas Baincéireachta a Chruthú — Taighde ar na héagsúlachtaí i ndlíthe agus rialacháin a bhaineann leis an mbanc i dtíortha sa limistéar euro agus an gá atá ann lena gcomhchuibhiú in Aontas Baincéireachta | Scriosta |
| PP 03 18 05 | | Treoirthionscadal — Ciste Eorpach le haghaidh infheistíochtaí sluachistithe | Scriosta |
| PP 03 19 04 | | Treoirthionscadal — Fothú acmhainneachta chun garspriocanna modheolaíochta a fhorbairt chun rioscaí comhshaoil agus aeráide a chomhtháthú i gcreat baincéireachta stuamachta an Aontais | Scriosta |
| PP 03 19 05 | | Treoirthionscadal — Faireachán ar mhéid an tsaibhris faoi cheilt ag daoine aonair in ionaid airgeadais eischósta agus tionchar na gcaighdeán a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta le déanaí maidir le trédhearcacht cánach ar an gcomhrac in aghaidh imghabháil cánach | Scriosta |
| | PP 03 24 01 | Treoirthionscadal — Staidéar comparáideach maidir leis na dea-chleachtais le haghaidh forchur níos láidre smachtbhannaí ag an Aontas | Nua |
| | PP 03 24 02 | Treoirthionscadal — Cuideachtaí agus geallsealbhóirí a chur ar an mbealach Eorpach um thuairisciú inbhuanaitheachta | Nua |
| | PP 03 24 03 | Treoirthionscadal — Lárionad Ionadúcháin an Aontais – Tacaíocht a sholáthar do ghnólachtaí substaintí eile a úsáid in ionad ceimiceáin ghuaiseacha trí chomhoibriú, nuálaíocht, taighde agus cúnamh díreach | Nua |
| | PP 03 24 04 | Treoirthionscadal — Táirgí lámhcheardaíochta a chur chun cinn agus tacú le ceardaithe | Nua |
| | PP 04 24 01 | Treoirthionscadal — Sonraí Spáis de chuid an Aontais a chomhtháthú chun tacú le Plean Bainistíochta Tubaistí de chuid an Aontais | Nua |
| | PP 04 24 02 | Treoirthionscadal — Aeróga nuálacha in-imscartha | Nua |
| | PP 04 24 03 | Treoirthionscadal — Córais Lainseála Shoghluaiste Fhreagrúla | Nua |
| | PP 04 24 04 | Treoirthionscadal — Fís Nua um rochtain athléimneach neamhspleách ar an spás san Eoraip | Nua |
| PP 05 18 01 | | Treoirthionscadal — Na rudaí atá tábhachtach do shaoránaigh an Aontais a thomhas: dul chun cinn sóisialta i réigiúin Eorpacha | Scriosta |
| PP 05 19 01 | | Treoirthionscadal — An acmhainn sluachistithe maidir le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) a dhíghlasáil | Scriosta |
| PP 06 15 01 | | Treoirthionscadal — An éifeacht a bhíonn ag módúlachtaí éagsúla le haghaidh cóireáil galar duáin agus cleachtais deonaithe orgán agus trasphlandúcháin ar chaiteachas sláinte agus torthaí othar | Scriosta |
| PP 06 16 01 | | Treoirthionscadal — Athdháileadh bia | Scriosta |
| PP 06 16 02 | | Treoirthionscadal — MentALLY | Scriosta |

| Buiséad 2023 | Buiséad 2024 | Ainm i mBuiséad 2024 | Gníomhaíocht |
|---|---|---|---|
| PP 06 16 04 | | Treoirthionscadal — Comhtháthú: straitéisí comhtháite a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar ghalair ainsealacha agus réamatacha agus cóireáil a chur orthu: an ról atá ag táscairí cáilíochta agus torthaí a thuairiscíonn othar chomh maith le meastóireacht dochtúra ar ghníomhaíocht an ghalair agus ar dhamáiste | Scriosta |
| PP 06 16 05 | | Treoirthionscadal — Cúrsaí i ngalarchosc príomhúil le haghaidh cailíní atá ina gcónaí i limistéir ina bhfuil riosca níos airde maidir le hailse chíche | Scriosta |
| PP 06 17 01 | | Treoirthionscadal — ‘Rare 2030’ (Annamh 2030) — Staidéar rannpháirtíochta fadbhreathnaitheachta maidir le ceapadh beartas le haghaidh galar annamh | Scriosta |
| PP 07 14 01 | | Treoirthionscadal — Fothú acmhainneachta le haghaidh sochaí shibhialta na Romach agus a rannpháirtíocht a threisiú san fhaireachán ar straitéisí náisiúnta maidir le lánpháirtiú na Romach | Scriosta |
| PP 07 14 02 | | Treoirthionscadal — Lánpháirtiú Eorpach trí chultúr a chothú trí leaganacha nua le fotheidil de chláir teilifíse roghnaithe a sholáthar ar fud na hEorpa | Scriosta |
| PP 07 15 02 | | Treoirthionscadal — Athbhreithniú um chearta bunúsacha ar chláir agus ionstraimí bailithe sonraí an Aontais | Scriosta |
| PP 07 16 01 | | Treoirthionscadal — Litearthacht sna meáin do chách | Scriosta |
| PP 07 16 03 | | Treoirthionscadal — Eoraip na n-éagsúlachtaí | Scriosta |
| PP 07 16 04 | | Treoirthionscadal — Vótáil leictreonach: an úsáid is fearr is féidir a bhaint as teicneolaíochtaí nua-aimseartha le haghaidh nósanna imeachta vótála níos gníomhaí agus níos daonlathaí | Scriosta |
| PP 07 17 01 | | Treoirthionscadal — Suirbhé Eorpach ar fhoréigean inscnebhunaithe | Scriosta |
| PP 07 17 02 | | Treoirthionscadal — Spórt mar uirlis le haghaidh lánpháirtiú agus cuimsiú sóisialta dídeanaithe | Scriosta |
| PP 07 17 05 | | Treoirthionscadal — Cuideachtaí caocha | Scriosta |
| PP 07 18 01 | | Treoirthionscadal — Comharchumainn d’oibrithe tí agus scéimeanna dearbhán seirbhíse a chur chun cinn | Scriosta |
| | PP 07 24 01 | Treoirthionscadal — Modhanna teicniúla chun faisnéis iontaofa a sholáthar do theaghlaigh Rúiseacha | Nua |
| PP 08 14 02 | | Treoirthionscadal — Líonra de limistéir mhuirí faoi chosaint a bunaíodh nó atá le bunú faoi reachtaíocht chomhshaoil nó iascaigh náisiúnta nó idirnáisiúnta a thabhairt chun seirbhíse, d’fhonn cumas táirgeachta iascaigh Mheánmhara an Aontais a fheabhsú ar bhonn uastáirgeachta inbhuanaithe agus cur chuige éiceachórais i leith bainistíocht iascaigh | Scriosta |
| PP 08 16 01 | | Treoirthionscadal — Slabhra na beiche meala a athstruchtúrú agus clár maidir le pórú agus roghnú beach ag a bhfuil frithsheasmhachta in aghaidh Varroa | Scriosta |
| | PP 08 24 01 | Treoirthionscadal — Eagraíochtaí agus Struchtúir Feirmeacha: Treochtaí agus samhail talmhaíochta an Aontais a shainiú agus a chosaint | Nua |
| | PP 08 24 02 | Treoirthionscadal — Aistriú fuinnimh a chothú san earnáil iascaigh | Nua |
| | PP 08 24 03 | Treoirthionscadal — Ár bhfarraigí a Shábháil– An Chontúirt a bhaineann le hArmlón arna dhumpáil i bhfarraigí Eorpacha a laghdú | Nua |
| PP 09 17 02 | | Treoirthionscadal — Roghanna malartacha ar an tástáil ar ainmhithe a chur chun cinn | Scriosta |

ATHRUITHE AINMNÍOCHTA

| Buiséad 2023 | Buiséad 2024 | Ainm i mBuiséad 2024 | Gníomhaíocht |
|---|---|---|---|
| PP 09 17 05 | | Treoirthionscadal — I dtreo feabhsuithe bunaithe ar fhianaise i gcur chun feidhme na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga (BHD): athbhreithniú córasach agus meitea-anailís | Scriosta |
| PP 09 19 02 | | Treoirthionscadal — Staidéar féidearthachta ar ardán comhchoiteann oscailte maidir le sonraí sábháilteachta ceimiceán | Scriosta |
| | PP 09 24 01 | Treoirthionscadal — Faireachlann EU CCUS | Nua |
| | PP 09 24 02 | Treoirthionscadal — Staidéar indéantachta chun samhail a fhorbairt chun cáin a ghearradh go cuimsitheach ar an dochar a dhéanann earraí agus seirbhísí don chomhshaol san Aontas | Nua |
| PP 14 14 01 | | Treoirthionscadal — Seirbhísí tréidliachta a neartú i dtíortha i mbéal forbartha | Scriosta |
| PP 14 15 01 | | Treoirthionscadal — Cur chuige comhtháite chun réitigh shláinte a fhorbairt agus a leathnú amach chun dul i ngleic le galair thrópaiceacha a ndéantar siléig iontu i limistéir eindéimeacha | Scriosta |
| PP 14 17 03 | | Treoirthionscadal — Iriseoireacht Eorpach atá bunaithe ar eolas agus a bhaineann le comharsana na hEorpa a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí a sheachadann Campas Natolin de chuid Choláiste na hEorpa | Scriosta |
| PP 14 18 01 | | Treoirthionscadal — Mná agus Trádáil: caibidil eiseamláireach a chruthú ar inscne i gcomhaontuithe saorthrádála bunaithe ar shonraí ar mhná a ghlacann páirt i dtrádáil agus mná a ghlacann páirt sa gheilleagar intíre | Scriosta |
| PP 20 19 01 | | Treoirthionscadal — Athúsáid caighdeán digiteach chun tacú le hearnáil na FBManna | Scriosta |
| | | **RÉAMHBHEARTA** | |
| | PA 01 24 01 | Beart ullmhúcháin — FOSSEPS 2 | Nua |
| | PA 01 24 02 | Beart ullmhúcháin — Cur chun feidhme na SDGanna i réigiúin an Aontais – ón bhfaireachán go gníomhaíocht | Nua |
| | PA 01 24 03 | Beart ullmhúcháin — Comhpháirtíochtaí le haghaidh Nuálaíocht Réigiúnach | Nua |
| | PA 01 24 04 | Beart ullmhúcháin — — Fóram um Shráidbhaile Gnólachtaí nuathionscanta agus Gleannta Nuálaíochta tuaithe | Nua |
| PA 02 17 01 | | Beart ullmhúcháin — Comhar ar ghníomhú ar son na haeráide a neartú i measc oileán laistigh den Aontas, agus lasmuigh de, trí aitheantas oileáin a chruthú laistigh de Chúnant Domhanda na Méaraí | Scriosta |
| PA 02 18 02 | | Beart ullmhúcháin — Sraitheanna uirlisí do rannpháirtithe sa chomhphlé ar ardán guail chun straitéisí aistrithe áitiúla a fhorbairt agus tacú leo | Scriosta |
| | PA 02 24 01 | Beart ullmhúcháin — Lipéadú Comhshaoil Eitlíochta II | Nua |
| | PA 02 24 02 | Beart ullmhúcháin — Córas leabhar agus éilimh a bhunú le haghaidh SAF | Nua |
| | PA 02 24 03 | Beart ullmhúcháin — Creat rialála an Aontais a fhorbairt le haghaidh Oibríochtaí Aerspáis níos Airde | Nua |
| | PA 02 24 04 | Beart ullmhúcháin — Mol II um Shoghluaisteacht Aerthráchta Inbhuanaithe Nuálach (IAM) | Nua |
| | PA 02 24 05 | Beart ullmhúcháin — — Téann an Chomhghuaillíocht Eorpach Ghlas i mbun Gníomhaíochta | Nua |

| Buiséad 2023 | Buiséad 2024 | Ainm i mBuiséad 2024 | Gníomhaíocht |
|---|---|---|---|
| PA 03 12 01 | | Beart ullmhúcháin — Fiontraithe nuálaíochta Euromed don athrú | Scriosta |
| PA 03 15 01 | | Beart ullmhúcháin — Táirge turasóireachta Eorpach a bhaineann leis an gcultúr trasnáisiúnta | Scriosta |
| PA 03 17 01 | | Beart ullmhúcháin — Príomhchathair Eorpach na Turasóireachta | Scriosta |
| PA 03 18 01 | | Beart ullmhúcháin — Eoraip na Cruthaitheachta: Seoda na hEorpa a chur chun cinn | Scriosta |
| PA 03 18 03 | | Beart ullmhúcháin — Fothú acmhainneachta fiontraíche le haghaidh na n-imirceach óg | Scriosta |
| PA 03 20 03 | | Beart ullmhúcháin — Anailís a dhéanamh ar iarmhairtí na comhúinéireachta ag infheisteoirí institiúideacha | Scriosta |
| | PA 03 24 01 | Beart ullmhúcháin — Príomhchathair Eorpach na Miondíola (ECSR) a chruthú | Nua |
| | PA 03 24 02 | Beart ullmhúcháin — Staidreamh dóiteáin comhchuibhithe mar uirlis chun feabhas a chur ar iarrachtaí uile-Eorpacha um shábháilteacht dóiteáin | Nua |
| | PA 03 24 03 | Beart ullmhúcháin — Éiceachóras Turasóireachta I a Uas-Sciliú agus a Athsciliú – Mol Eolais Turasóireachta agus Spás Sonraí Turasóireachta | Nua |
| | PA 04 24 01 | Beart ullmhúcháin — Nuálaíocht cheannródaíoch le haghaidh réitigh lainseála Eorpacha nua | Nua |
| | PA 04 24 02 | Beart ullmhúcháin — Críochfoirt nuálacha d'úsáideoirí um sheirbhís cumarsáide satailíte shlán Eorpach | Nua |
| PA 05 13 01 | | Beart ullmhúcháin — I dtreo aitheantas réigiúnach comhchoiteann, athmhuintearas náisiún agus comhar eacnamaíoch agus sóisialta lena n-áirítear ardán saineolais agus feabhais uile-Eorpach i macraréigiún na Danóibe | Scriosta |
| PA 05 16 01 | | Beart ullmhúcháin — Comhar AE-Chomhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh maidir leis an gcomhtháthú críochach | Scriosta |
| PA 05 16 02 | | Beart ullmhúcháin — Beartas comhtháthaithe agus sineirgí leis na cistí taighde agus forbartha: an staighre i dtreo feabhais — an bealach chun tosaigh | Scriosta |
| PA 05 16 03 | | Beart ullmhúcháin — Tacaíocht le haghaidh fás agus rialachas i réigiúin a bhfuil a bhforbairt ag titim ar gcúl | Scriosta |
| PA 05 16 04 | | Beart ullmhúcháin — Na buntáistí eacnamaíocha iomaíocha agus an fhéidearthacht le haghaidh speisialú cliste ar leibhéal réigiúnach sa Rómáin | Scriosta |
| PA 05 17 02 | | Beart ullmhúcháin — Clár Oibre Uirbeach don Aontas | Scriosta |
| PA 06 14 01 | | Beart ullmhúcháin — Staidéar Eorpach ar an ualach a bhaineann le titimeas agus cúram titimis | Scriosta |
| PA 07 19 04 | | Beart ullmhúcháin — Duais For-rochtana Altiero Spinelli | Scriosta |
| | PA 07 24 01 | Beart ullmhúcháin — Féile Eorpach um Shaoirse Iriseoireachta agus na Meán | Nua |
| | PA 07 24 02 | Beart ullmhúcháin — An Fhaireachlann Eorpach ar Insintí chun breagaisnéis a chomhrac | Nua |
| | PA 09 24 01 | Beart ullmhúcháin — Lárionad um Fhaire ar an mBithéagsúlacht | Nua |

ATHRUITHE AINMNÍOCHTA

| Buiséad 2023 | Buiséad 2024 | Ainm i mBuiséad 2024 | Gníomhaíocht |
|---|---|---|---|
| PA 14 18 01 | | Réamhbheart — Tacaíocht le haghaidh chomharsana an Aontais chun téarnamh sócmhainní a chur chun feidhme | Scriosta |
| PA 20 17 01 | | Bearta ullmhúcháin — Rialachas agus cáilíocht an chóid le haghaidh bogearraí — Iniúchóireacht ar bhogearraí saor in aisce agus foinse oscailte | Scriosta |
| PA 20 18 02 | | Bearta ullmhúcháin — Réitigh anailísíochta sonraí le haghaidh ceapadh beartas | Scriosta |

**Oifigí**

| Buiséad 2023 | Buiséad 2024 | Ainm i mBuiséad 2024 | Gníomhaíocht |
|---|---|---|---|
| | | | |

*ROINN IV*

## CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

## IONCAM

### Ranníocaíocht an Aontais Eorpaigh le maoiniú chaiteachas na Cúirte Breithiúnais le haghaidh na bliana airgeadais 2024

| Ceannteideal | Méid |
|---|---|
| Caiteachas | 503 837 531 |
| Acmhainní dílse | – 72 793 000 |
| **Ranníocaíocht atá dlite** | **431 044 531** |

CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

# IONCAM

## TEIDEAL 3

## IONCAM RIARACHÁIN

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN**
**CAIBIDIL 3 1 — IONCAM A BHAINEANN LE MAOIN**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 0 | | | | |
| **3 0 0** | ***Cánacha agus tobhaigh*** | | | | |
| 3 0 0 0 | Cáin ar an luach saothair | 37 816 000 | 36 076 000 | 33 238 183,64 | 87,89 |
| 3 0 0 1 | Tobhaigh speisialta ar an luach saothair | 6 714 000 | 6 394 000 | 5 876 734,08 | 87,53 |
| | *Airteagal 3 0 0 — IOMLÁN* | 44 530 000 | 42 470 000 | 39 114 917,72 | 87,84 |
| **3 0 1** | ***Ranníocaíocht leis an scéim pinsin*** | | | | |
| 3 0 1 0 | Ranníocaíocht na foirne leis an scéim pinsin | 28 183 000 | 24 551 000 | 23 087 160,77 | 81,92 |
| 3 0 1 1 | Cearta pinsin á n-aistriú nó á gceannach ag an bhfoireann | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 3 0 1 2 | Ranníocaíocht na foirne atá ar saoire leis an scéim pinsin | p.m. | p.m. | 2 362,01 | |
| | *Airteagal 3 0 1 — IOMLÁN* | 28 183 000 | 24 551 000 | 23 089 522,78 | 81,93 |
| | CAIBIDIL 3 0 — IOMLÁN | 72 713 000 | 67 021 000 | 62 204 440,50 | 85,55 |
| | CAIBIDIL 3 1 | | | | |
| **3 1 0** | ***Díol maoine dochorraithe - Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **3 1 1** | ***Díol maoine eile*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **3 1 2** | ***Ligean agus foligean maoine dochorraithe ar cíos – Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 3 1 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |

**CAIBIDIL 3 2 — IONCAM Ó SHOLÁTHAR EARRAÍ, SEIRBHÍSÍ AGUS OIBRE – IONCAM SANNTA**
**CAIBIDIL 3 3 — IONCAM RIARACHÁIN EILE**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 2 | | | | |
| **3 2 0** | ***Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre – Ioncam sannta*** | | | | |
| 3 2 0 2 | Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre le haghaidh institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais – Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 3 2 0 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **3 2 1** | ***Aisíocaíochtaí liúntas misin arna ndéanamh ag institiúidí nó comhlachtaí eile – Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **3 2 2** | ***Ioncam ó thríú páirtithe i ndáil le hearraí seirbhísí nó obair – Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 147 099,69 | |
| | CAIBIDIL 3 2 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 147 099,69 | |
| | CAIBIDIL 3 3 | | | | |
| **3 3 0** | ***Aisíoc méideanna a íocadh go mícheart – Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 199 673,31 | |
| **3 3 1** | ***Ioncam le haghaidh cuspóir sonrach (ioncam ó fhondúireachtaí, fóirdheontais, bronntanais agus tiomnachtaí) – Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **3 3 3** | ***Ioncam ó íocaíochtaí árachais a fuarthas – Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 901,71 | |
| **3 3 8** | ***Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin – Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 98 721,41 | |
| **3 3 9** | ***Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin*** | p.m. | p.m. | 153,75 | |
| | CAIBIDIL 3 3 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 299 450,18 | |
| | **Teideal 3 — IOMLÁN** | **72 713 000** | **67 021 000** | **62 650 990,37** | **86,16** |

# TEIDEAL 3

# IONCAM RIARACHÁIN

## CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN

### 3 0 0 *Cánacha agus tobhaigh*

3 0 0 0 Cáin ar an luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 37 816 000 | 36 076 000 | 33 238 183,64 |

*Bunús dlí*

Prótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 12 de.

Rialachán Uimh. 422/67/CEE, Uimh. 5/67/Euratom ón gComhairle an 25 Iúil 1967 lena socraítear lena socraítear díolaíochtaí Uachtarán agus Chomhaltaí an Choimisiúin, Uachtarán, Bhreithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta agus Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir Bhinse Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh (IO P 187, 8.8.1967, lch. 1).

Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 260/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos na coinníollacha agus an nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm na cánach chun sochar na gComhphobal Eorpach (IO L 56, 4.3.1968, lch. 8).

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 3(1) de.

3 0 0 1 Tobhaigh speisialta ar an luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 6 714 000 | 6 394 000 | 5 876 734,08 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 66a díobh.

Rialachán Uimh. 422/67/CEE, Uimh. 5/67/Euratom ón gComhairle an 25 Iúil 1967 lena socraítear lena socraítear díolaíochtaí Uachtarán agus Chomhaltaí an Choimisiúin, Uachtarán, Bhreithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta agus Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir Bhinse Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh (IO P 187, 8.8.1967, lch. 1).

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 3(2) de.

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN** *(Ar lean.)*

### *3 0 1 Ranníocaíocht leis an scéim pinsin*

3 0 1 0 Ranníocaíocht na foirne leis an scéim pinsin

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 28 183 000 | 24 551 000 | 23 087 160,77 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(2) díobh.

3 0 1 1 Cearta pinsin á n-aistriú nó á gceannach ag an bhfoireann

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 11(2) díobh agus Airteagal 48 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leo.

3 0 1 2 Ranníocaíocht na foirne atá ar saoire leis an scéim pinsin

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 2 362,01 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais.

**CAIBIDIL 3 1 — IONCAM A BHAINEANN LE MAOIN**

### *3 1 0 Díol maoine dochorraithe - Ioncam sannta*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar an ioncam ó dhíol maoine dochorraithe de chuid na hinstitiúide

**CAIBIDIL 3 1 — IONCAM A BHAINEANN LE MAOIN** *(Ar lean.)*

***3 1 0*** *(Ar lean.)*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

***3 1 1*** ***Díol maoine eile***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar an ioncam ó dhíol maoine eile de chuid na hinstitiúide nó óna páirtmhalartú. Déantar taifead leis freisin ar na fáltais ó dhíol na bhfeithiclí atá á n-athsholáthar nó á gcur á mbriseadh nuair atá a luach de réir na leabhar dímheasta ina iomláine.

***3 1 2*** ***Ligean agus foligean maoine dochorraithe ar cíos – Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

**CAIBIDIL 3 2 — IONCAM Ó SHOLÁTHAR EARRAÍ, SEIRBHÍSÍ AGUS OIBRE – IONCAM SANNTA**

***3 2 0*** ***Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre – Ioncam sannta***

3 2 0 2 Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre le haghaidh institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais – Ioncam sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

**CAIBIDIL 3 2 — IONCAM Ó SHOLÁTHAR EARRAÍ, SEIRBHÍSÍ AGUS OIBRE – IONCAM SANNTA** *(Ar lean.)*

**3 2 1** ***Aisíocaíochtaí liúntas misin arna ndéanamh ag institiúidí nó comhlachtaí eile – Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

**3 2 2** ***Ioncam ó thríú páirtithe i ndáil le hearraí seirbhísí nó obair – Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 147 099,69 |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

**CAIBIDIL 3 3 — IONCAM RIARACHÁIN EILE**

**3 3 0** ***Aisíoc méideanna a íocadh go mícheart – Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 199 673,31 |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

**3 3 1** ***Ioncam le haghaidh cuspóir sonrach (ioncam ó fhondúireachtaí, fóirdheontais, bronntanais agus tiomnachtaí) – Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

**3 3 1** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

### 3 3 3 *Ioncam ó íocaíochtaí árachais a fuarthas – Ioncam sannta*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 901,71 |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

### 3 3 8 *Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin – Ioncam sannta*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 98 721,41 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile a bhaineann le hoibríochtaí riaracháin na hinstitiúide.

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

### 3 3 9 *Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 153,75 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin.

# TEIDEAL 4

# IONCAM AIRGEADAIS, ÚS MAINNEACHTANA AGUS FÍNEÁLACHA

## CAIBIDIL 4 0 — IONCAM Ó INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS CUNTAIS

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 4 0 | | | | |
| **4 0 0** | ***Ioncam ó infheistíochtaí, iasachtaí a tugadh agus cuntais bhainc*** | 80 000 | p.m. | 1 602,51 | 2 |
| **4 0 1** | ***Ús a eascraíonn as réamh-mhaoiniú*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 4 0 — IOMLÁN | 80 000 | p.m. | 1 602,51 | 2 |
| | **Teideal 4 — IOMLÁN** | **80 000** | **p.m.** | **1 602,51** | **2** |

# TEIDEAL 4

# IONCAM AIRGEADAIS, ÚS MAINNEACHTANA AGUS FÍNEÁLACHA

## CAIBIDIL 4 0 — IONCAM Ó INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS CUNTAIS

### 4 0 0 *Ioncam ó infheistíochtaí, iasachtaí a tugadh agus cuntais bhainc*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 80 000 | p.m. | 1 602,51 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar an ioncam ó infheistíochtaí, iasachtaí a tugadh, agus ús bainc agus ús eile ar chuntais na hinstitiúide.

### 4 0 1 *Ús a eascraíonn as réamh-mhaoiniú*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

## CAITEACHAS

### Achoimre ghinearálta ar leithreasuithe (2024 agus 2023) agus ar an olltoradh (2022)

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| **1** | **DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** | | | |
| 1 0 | COMHALTAÍ NA HINSTITIÚIDE | 42 257 000 | 40 180 000 | 38 127 013,38 |
| 1 2 | OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH | 322 027 000 | 309 111 903 | 282 846 743,45 |
| 1 4 | FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA | 33 744 000 | 33 397 000 | 29 602 546,09 |
| 1 6 | CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID | 5 835 000 | 6 579 000 | 5 606 326,40 |
| | **Teideal 1 — IOMLÁN** | **403 863 000** | **389 267 903** | **356 182 629,32** |
| **2** | **FOIRGNIMH, TROSCÁN, TREALAMH AGUS CAITEACHAS ILGHNÉITHEACH OIBRIÚCHÁIN** | | | |
| 2 0 | FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA | 60 014 531 | 58 532 000 | 69 215 095,60 |
| 2 1 | PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS MAOIN SHOCHORRAITHE: CEANNACH, FÁIL AR CÍOS AGUS COTHABHÁIL | 35 434 000 | 33 941 893 | 31 654 995,04 |
| 2 3 | CAITEACHAS RIARACHÁIN REATHA | 1 503 000 | 1 329 000 | 941 745,55 |
| 2 5 | CAITEACHAS AR CHRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA | 545 000 | 535 000 | 483 011,62 |
| 2 7 | FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS SCAIPEADH | 2 421 000 | 2 365 000 | 2 051 630,59 |
| | **Teideal 2 — IOMLÁN** | **99 917 531** | **96 702 893** | **104 346 478,40** |
| **3** | **CAITEACHAS A EASCRAÍONN AS FEIDHMEANNA SPEISIALTA A RINNE AN INSTITIÚID** | | | |
| 3 7 | CAITEACHAS A BHAINEANN LE HINSTITIÚIDÍ AGUS COMHLACHTAÍ ÁIRITHE | 57 000 | 55 000 | 20 514,50 |
| | **Teideal 3 — IOMLÁN** | **57 000** | **55 000** | **20 514,50** |

CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| **10** | **CAITEACHAS EILE** | | | |
| 10 0 | LEITHREASUITHE SEALADACHA | p.m. | p.m. | 0,— |
| 10 1 | CÚLCHISTE TEAGMHASACH | p.m. | p.m. | 0,— |
| | **Teideal 10 — IOMLÁN** | **p.m.** | **p.m.** | **0,—** |
| | **Comhiomlán** | **503 837 531** | **486 025 796** | **460 549 622,22** |

## TEIDEAL 1

## DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID

**CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE**
**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 1 0 | | | | |
| ***1 0 0*** | ***Luach saothair agus teidlíochtaí eile*** | | | | |
| 1 0 0 0 | Luach saothair agus liúntais | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 37 675 000 | 35 714 000 | 33 932 889,87 | 90,07 |
| 1 0 0 2 | Teidlíochtaí ar dhul isteach sa tseirbhís, ar aistriú agus ar fhágáil na seirbhíse | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 071 000 | 653 000 | 1 724 000,— | 83,24 |
| | *Airteagal 1 0 0 — IOMLÁN* | 39 746 000 | 36 367 000 | 35 656 889,87 | 89,71 |
| ***1 0 2*** | ***Liúntais idirthréimhseacha*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 892 000 | 3 142 000 | 2 035 832,19 | 107,60 |
| ***1 0 4*** | ***Misin*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 250 000 | 261 000 | 132 499,— | 53 |
| ***1 0 6*** | ***Oiliúint*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 369 000 | 410 000 | 301 792,32 | 81,79 |
| ***1 0 9*** | ***Leithreasú sealadach*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 1 0 — IOMLÁN | 42 257 000 | 40 180 000 | 38 127 013,38 | 90,23 |
| | CAIBIDIL 1 2 | | | | |
| ***1 2 0*** | ***Luach saothair agus teidlíochtaí eile*** | | | | |
| 1 2 0 0 | Luach saothair agus liúntais | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 318 404 000 | 305 502 903 | 279 528 566,07 | 87,79 |
| 1 2 0 2 | Ragobair íoctha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 776 000 | 709 000 | 704 637,87 | 90,80 |

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **1 2 0** | *(Ar lean.)* | | | | |
| 1 2 0 4 | Teidlíochtaí ar dhul isteach sa tseirbhís, ar athrú agus ar fhágáil na seirbhíse | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 367 000 | 2 420 000 | 2 613 539,51 | 110,42 |
| | *Airteagal 1 2 0 — IOMLÁN* | 321 547 000 | 308 631 903 | 282 846 743,45 | 87,96 |
| **1 2 2** | ***Liúntais ar luath-fhoirceannadh seirbhíse*** | | | | |
| 1 2 2 0 | Liúntais d'fhoireann atá ar scor chun leas na seirbhíse | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 480 000 | 480 000 | 0,— | |
| 1 2 2 2 | Liúntais d'fhoireann a ndéantar a seirbhís a fhoirceannadh agus scéim speisialta scoir d'oifigigh agus don fhoireann shealadach | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 1 2 2 — IOMLÁN* | 480 000 | 480 000 | 0,— | |
| **1 2 9** | ***Leithreasú sealadach*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 1 2 — IOMLÁN | 322 027 000 | 309 111 903 | 282 846 743,45 | 87,83 |
| | CAIBIDIL 1 4 | | | | |
| **1 4 0** | ***Foireann eile agus daoine seachtracha*** | | | | |
| 1 4 0 0 | Foireann eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 10 665 000 | 10 674 000 | 9 406 734,87 | 88,20 |
| 1 4 0 4 | Oiliúint inseirbhíse agus malartuithe foirne | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 078 000 | 2 943 000 | 1 559 000,— | 50,65 |
| 1 4 0 5 | Seirbhísí seachtracha eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 312 000 | 258 000 | 305 000,— | 97,76 |

**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **1 4 0** | *(Ar lean.)* | | | | |
| 1 4 0 6 | Seirbhísí seachtracha i réimse na dteangacha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 19 689 000 | 19 522 000 | 18 331 811,22 | 93,11 |
| | *Airteagal 1 4 0 — IOMLÁN* | 33 744 000 | 33 397 000 | 29 602 546,09 | 87,73 |
| ***1 4 9*** | ***Leithreasú sealadach*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 1 4 — IOMLÁN | 33 744 000 | 33 397 000 | 29 602 546,09 | 87,73 |
| | CAIBIDIL 1 6 | | | | |
| ***1 6 1*** | ***Caiteachas a bhaineann le bainistiú foirne*** | | | | |
| 1 6 1 0 | Caiteachas ilghnéitheach le haghaidh earcaíocht foirne | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 172 000 | 195 000 | 128 505,54 | 74,71 |
| 1 6 1 2 | Oiliúint bhreise | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 620 000 | 1 750 000 | 1 363 779,95 | 84,18 |
| | *Airteagal 1 6 1 — IOMLÁN* | 1 792 000 | 1 945 000 | 1 492 285,49 | 83,27 |
| ***1 6 2*** | ***Misin*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 366 000 | 377 000 | 250 200,— | 68,36 |
| ***1 6 3*** | ***Caiteachas ar fhoireann na hinstitiúide*** | | | | |
| 1 6 3 0 | Leas sóisialach | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 60 000 | 50 000 | 50 000,— | 83,33 |
| 1 6 3 2 | Teagmhálacha sóisialta idir daoine den fhoireann agus caiteachas leasa eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 336 000 | 324 000 | 364 849,53 | 108,59 |
| | *Airteagal 1 6 3 — IOMLÁN* | 396 000 | 374 000 | 414 849,53 | 104,76 |

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***1 6 5*** | ***Gníomhaíochtaí a bhaineann le gach duine atá ag obair leis an institiúid*** | | | | |
| 1 6 5 0 | Seirbhís leighis | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 207 000 | 231 000 | 127 618,12 | 61,65 |
| 1 6 5 2 | Bialanna agus ceaintíní | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 184 000 | 184 000 | 152 454,10 | 82,86 |
| 1 6 5 4 | Ionad Luath-Óige | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 835 000 | 3 420 000 | 3 122 919,16 | 110,16 |
| 1 6 5 5 | Caiteachas PMO le haghaidh riar ábhar a bhaineann le foireann na Cúirte | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 1 6 5 6 | Scoileanna Eorpacha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 55 000 | 48 000 | 46 000,— | 83,64 |
| | *Airteagal 1 6 5 — IOMLÁN* | 3 281 000 | 3 883 000 | 3 448 991,38 | 105,12 |
| | CAIBIDIL 1 6 — IOMLÁN | 5 835 000 | 6 579 000 | 5 606 326,40 | 96,08 |
| | **Teideal 1 — IOMLÁN** | **403 863 000** | **389 267 903** | **356 182 629,32** | **88,19** |

# TEIDEAL 1

# DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID

## CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE

### *1 0 0 Luach saothair agus teidlíochtaí eile*

1 0 0 0 Luach saothair agus liúntais

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 37 675 000 | 35 714 000 | 33 932 889,87 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas i leith Chomhaltaí na hinstitiúide:

— buntuarastail,

— liúntais chónaithe,

— liúntais linbh, eadhon liúntas teaghlaigh, liúntas linbh chleithiúnaigh agus liúntas oideachais,

— liúntais ionadaíochta agus feidhme,

— ranníocaíocht an fhostóra i leith árachas in aghaidh tionóiscí agus galar ceirde agus i leith árachas breoiteachta,

— deontais breithe,

— liúntais dá bhforáiltear i gcás bás Comhalta den institiúid,

— ualuithe is infheidhme maidir le buntuarastail, liúntais chónaithe, liúntais linbh agus aistriú thar lear de chuid de luach saothair Chomhaltaí na hinstitiúide (cur i bhfeidhm Airteagal 17 d'Iarscríbhinn VII le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, de réir analaí).

*Bunús dlí*

Rialachán Uimh. 422/67/CEE, Uimh. 5/67/Euratom ón gComhairle an 25 Iúil 1967 lena socraítear díolaíochtaí Uachtarán agus Chomhaltaí an Choimisiúin, Uachtarán, Bhreithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta agus Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir Bhinse Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh (IO P 187, 8.8.1967, lch. 1), agus go háirithe Airteagail 3, 4, 4a, 11 agus 14 de.

Rialachán (AE) Uimh. 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

**CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 0 0*** *(Ar lean.)*

1 0 0 2 Teidlíochtaí ar dhul isteach sa tseirbhís, ar aistriú agus ar fhágáil na seirbhíse

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 071 000 | 653 000 | 1 724 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— speansais taistil Chomhaltaí na hinstitiúide (agus dá dteaghlaigh) ar dhul i mbun a gceapachán dóibh nó ar fhágáil a gceapachán dóibh,

— liúntais suiteála agus athlonnaithe is iníoctha le Comhaltaí na hinstitiúide ar dhul i mbun a gceapachán dóibh nó ar fhágáil a gceapachán dóibh,

— speansais aistrithe is iníoctha le Comhaltaí na hinstitiúide ar dhul i mbun a gceapachán dóibh nó ar fhágáil a gceapachán dóibh.

*Bunús dlí*

Rialachán Uimh. 422/67/CEE, Uimh. 5/67/Euratom ón gComhairle an 25 Iúil 1967 lena socraítear díolaíochtaí Uachtarán agus Chomhaltaí an Choimisiúin, Uachtarán, Bhreithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta agus Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir Bhinse Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh (IO P 187, 8.8.1967, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 5 de.

Rialachán (AE) Uimh. 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

***1 0 2*** ***Liúntais idirthréimhseacha***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 892 000 | 3 142 000 | 2 035 832,19 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar liúntais idirthréimhseacha, liúntais linbh agus ualuithe is infheidhme maidir le tír chónaithe iarChomhaltaí na hinstitiúide.

**CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

**1 0 2** *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialachán Uimh. 422/67/CEE, Uimh. 5/67/Euratom ón gComhairle an 25 Iúil 1967 lena socraítear díolaíochtaí Uachtarán agus Chomhaltaí an Choimisiúin, Uachtarán, Bhreithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta agus Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir Bhinse Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh (IO P 187, 8.8.1967, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 7 de.

Rialachán (AE) Uimh. 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

**1 0 4** ***Misin***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 250 000 | 261 000 | 132 499,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar speansais taistil, liúntais chothaithe laethúla, agus costais choimhdeacha nó speisialta arna dtabhú le haghaidh misean.

Méid an ioncaim sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

*Bunús dlí*

Rialachán Uimh. 422/67/CEE, Uimh. 5/67/Euratom ón gComhairle an 25 Iúil 1967 lena socraítear díolaíochtaí Uachtarán agus Chomhaltaí an Choimisiúin, Uachtarán, Bhreithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta agus Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir Bhinse Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh (IO P 187, 8.8.1967, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 6 de.

Rialachán (AE) Uimh. 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

**1 0 6** ***Oiliúint***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 369 000 | 410 000 | 301 792,32 |

**CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 0 6*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais cúrsaí teanga nó oiliúna eile le haghaidh Chomhaltaí na hinstitiúide.

***1 0 9*** ***Leithreasú sealadach***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an tionchar d'aon nuashonrú ar luach saothair le linn na bliana airgeadais.

Is de chineál iomlán sealadach é an leithreasú seo agus ní fhéadfar é a úsáid ach amháin tar éis é aistriú chuig ceannteidil eile i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH**

*Barúlacha*

Cuireadh lacáiste caighdeánach de 2,5 % i bhfeidhm maidir leis na leithreasuithe a iontráladh sa chaibidil seo.

***1 2 0*** ***Luach saothair agus teidlíochtaí eile***

1 2 0 0 Luach saothair agus liúntais

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 318 404 000 | 305 502 903 | 279 528 566,07 |

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH** *(Ar lean.)*

***1 2 0*** *(Ar lean.)*

1 2 0 0 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas go háirithe:

— buntuarastail na n-oifigeach agus na foirne sealadaí,

— liúntais linbh, arb é atá iontu liúntas teaghlaigh, liúntas linbh chleithiúnaigh agus liúntais oideachais, d'oifigigh agus don fhoireann shealadach,

— liúntais le haghaidh saoire tuismitheora,

— liúntais easaoránachta agus cónaithe eachtraigh d'oifigigh agus d'fhoireann shealadach,

— liúntas rúnaíochta le haghaidh catagóirí áirithe oifigeach i ngrúpa feidhme AST,

— ranníocaíocht an fhostóra i leith árachas breoiteachta,

— ranníocaíochtaí an fhostóra le hárachas in aghaidh tionóiscí agus galair cheirde agus speansais bhreise a eascraíonn as cur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha na Rialachán Foirne,

— árachas dífhostaíochta d'fhoireann shealadach,

— íocaíochtaí atá le déanamh ag an institiúid chun leas na foirne sealadaí ionas go mbeidh siad in ann cearta pinsin a bhunú nó a choinneáil ina dtír tionscnaimh,

— liúntais breithe agus, i gcás bás oifigigh, íoc a thuarastail nó a tuarastail iomláin go dtí deireadh na tríú míosa tar éis an bháis chomh maith leis an gcostas a ghabhann le hiompar an choirp go dtí áit tionscnaimh an duine éagtha,

— speansais taistil do shaoire bliantúla oifigeach nó foirne sealadaí, a gcéilí agus a gcleithiúnaithe óna n-áit fostaíochta go dtí a n-áit tionscnaimh,

— cúiteamh d'oifigigh ar phromhadh a dhífhostaítear mar gheall ar mhí-oiriúnacht fhollasach, liúntas d'fhoireann shealadach tar éis don institiúid conradh a fhoirceannadh agus aisíoc ranníocaíochtaí pinsin le haghaidh iarfhoireann chúnta atá ceapaithe mar ghníomhairí sealadacha nó mar oifigigh,

— tionchar na n-ualuithe tuarastail is infheidhme maidir le luach saothair na n-oifigeach agus na foirne sealadaí agus maidir leis an ragobair,

— liúntais do dhualgais de lá is d'oíche nó sealobair nó obair ar éileamh ag an obair nó sa bhaile.

Méid an ioncaim sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH** *(Ar lean.)*

***1 2 0*** *(Ar lean.)*

1 2 0 0 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 62, 64, 65, 66, 67 agus 68 díobh agus Cuid I d’Iarscríbhinn VII a ghabhann leo, Airteagal 69 díobh agus Airteagal 4 d’Iarscríbhinn VII a ghabhann leo, Airteagal 18 d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann leo, Airteagail 72 agus 73 díobh agus Airteagal 15 d’Iarscríbhinn VIII a ghabhann leo, Airteagail 70, 74 agus 75 díobh agus Airteagal 8 d’Iarscríbhinn VII a ghabhann leo, agus Airteagal 34 díobh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 28a, 42, 47 agus 48 díobh.

Comhrialacha maidir le hárachas breoiteachta d’oifigigh na gComhphobal Eorpach, agus go háirithe Airteagal 23 de.

1 2 0 2 Ragobair íoctha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 776 000 | 709 000 | 704 637,87 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar liúntais ar ráta comhréidh agus rátaí in aghaidh na huaire an chloig le haghaidh ragobair a dhéanann oifigigh agus foireann shealadach, nárbh fhéidir a cúiteamh le ham saor de réir mar a samhlaíodh.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 56 díobh agus Iarscríbhinn VI a ghabhann leo.

1 2 0 4 Teidlíochtaí ar dhul isteach sa tseirbhís, ar athrú agus ar fhágáil na seirbhíse

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 367 000 | 2 420 000 | 2 613 539,51 |

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH** *(Ar lean.)*

***1 2 0*** *(Ar lean.)*

1 2 0 4 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

- speansas taistil na foirne (agus dá dteaghlaigh) ar dhul isteach sa tseirbhís nó ar fhágáil na seirbhíse,
- liúntais suiteála agus athlonnaithe atá dlite don fhoireann a bhfuil oibleagáid orthu aistriú óna n-áit chónaithe tar éis dóibh dul isteach sa tseirbhís agus atá dlite don fhoireann a athlonnaíonn chuig áit ar fhágáil na seirbhíse dóibh,
- speansais aistrithe atá dlite don fhoireann a bhfuil oibleagáid orthu aistriú óna n-áit chónaithe tar éis dóibh dul isteach sa tseirbhís agus don fhoireann a athlonnaíonn chuig áit eile ar fhágáil na seirbhíse dóibh,
- liúntais chothaithe laethúla atá dlite don fhoireann a léiríonn go raibh oibleagáid orthu aistriú óna n-áit chónaithe tar éis dóibh dul isteach sa tseirbhís.

Méid an ioncaim sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 20 agus 71 díobh agus Airteagail 5, 6, 7, 9 agus 10 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leo.

***1 2 2*** ***Liúntais ar luath-fhoirceannadh seirbhíse***

1 2 2 0 Liúntais d'fhoireann atá ar scor chun leas na seirbhíse

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 480 000 | 480 000 | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar liúntais d'oifigigh ar tugadh stádas neamhghníomhach dóibh tar éis laghdú ar uimhir na bpost san institiúid, d'oifigigh a bhfuil post de ghrád AD14, AD15 nó AD16 acu agus atá ar scor chun leas na seirbhíse agus d'oifigigh atá curtha ar saoire chun leas na seirbhíse i dtaobh riachtanais eagrúcháin a bhaineann le hiniúlachtaí nua a fháil laistigh den institiúid.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 42c agus 50 díobh, agus Iarscríbhinn IV a ghabhann leo.

***1 2 2*** *(Ar lean.)*

1 2 2 2 Liúntais d'fhoireann a ndéantar a seirbhís a fhoirceannadh agus scéim speisialta scoir d'oifigigh agus don fhoireann shealadach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— liúntais atá le híoc i gcomhréir leis na Rialacha Foirne nó rialachán eile,

— ranníocaíocht an fhostóra le hárachas breoiteachta do dhaoine atá ag fáil liúntas,

— tionchar na n-ualuithe is infheidhme maidir le liúntais éagsúla.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 64 agus 72 díobh.

***1 2 9*** ***Leithreasú sealadach***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an tionchar d'aon nuashonrú ar luach saothair le linn na bliana airgeadais.

Is de chineál iomlán sealadach é an leithreasú seo agus ní fhéadfar é a úsáid ach tar éis amháin tar éis é aistriú chuig ceannteidil eile i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 65 díobh.

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH** *(Ar lean.)*

***1 2 9*** *(Ar lean.)*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA**

***1 4 0 Foireann eile agus daoine seachtracha***

1 4 0 0 Foireann eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 10 665 000 | 10 674 000 | 9 406 734,87 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas go háirithe:

— luach saothair agus ranníocaíocht an fhostóra le córas slándála sóisialta na foirne eile,

— táillí agus speansais na gcomhairleoirí speisialta,

— caiteachas a bhaineann le gníomhairí ar conradh

Méid an ioncaim sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

*Bunús dlí*

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 4 agus Teideal V díobh, agus Airteagal 5 agus Teideal VI díobh.

1 4 0 4 Oiliúint inseirbhíse agus malartuithe foirne

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 078 000 | 2 943 000 | 1 559 000,— |

**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA** *(Ar lean.)*

***1 4 0*** *(Ar lean.)*

1 4 0 4 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— caiteachas arna thabhú a bhaineann le hoifigigh de chuid na mBallstát nó saineolaithe náisiúnta eile a thabhairt ar iasacht do sheirbhísí na hinstitiúide,

— deontais d’oiliúnaithe, árachas breoiteachta le linn na tréimhse agus ranníocaíocht le speansais taistil,

— aisíocaíocht na gcostas breise a thabhaigh oifigigh tar éis dóibh a bheith ar iasacht lasmuigh den institiúid.

1 4 0 5 Seirbhísí seachtracha eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 312 000 | 258 000 | 305 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar speansais foirne seachtracha i gcás nach féidir le foireann na hinstitiúide féin obair den sórt sin a dhéanamh.

1 4 0 6 Seirbhísí seachtracha i réimse na dteangacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 19 689 000 | 19 522 000 | 18 331 811,22 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachais ar sheirbhísí seachtracha i réimse na dteangacha, go háirithe:

— caiteachais maidir le bearta idirinstitiúideacha agus ar fhorbairt agus ar chothabháil uirlisí idirinstitiúideacha i réimse na teanga,

— caiteachas ar sheirbhísí ateangairí seachtracha,

— caiteachais ar sheirbhísí seachtracha i réimse na profléitheoireachta,

— caiteachas ar sheirbhísí de shaoraistritheoirí,

— caiteachas ar sheirbhísí eile arna gcur ar conradh ag na seirbhísí teanga.

**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA** *(Ar lean.)*

***1 4 0*** *(Ar lean.)*

1 4 0 6 *(Ar lean.)*

Déanfaidh an institiúid a dícheall chun comhoibriú le hInstitiúidí eile an Aontais, trí chomhaontú idirinstitiúideach, chun dúbláil iarrachtaí gan ghá a sheachaint maidir le doiciméid nós imeachta a aistriú, agus ar an dóigh sin tuilleadh coigiltis ar bhuiséad ginearálta an Aontais a bhaint amach.

***1 4 9*** ***Leithreasú sealadach***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an tionchar d'aon nuashonrú ar luach saothair le linn na bliana airgeadais.

Is de chineál iomlán sealadach é an leithreasú seo agus ní féidir é a úsáid ach amháin tar éis é aistriú chuig ceannteidil eile i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 65 agus 65a díobh agus Iarscríbhinn XI a ghabhann leo.

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID**

***1 6 1*** ***Caiteachas a bhaineann le bainistiú foirne***

1 6 1 0 Caiteachas ilghnéitheach le haghaidh earcaíocht foirne

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 172 000 | 195 000 | 128 505,54 |

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

***1 6 1*** *(Ar lean.)*

1 6 1 0 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na costais i ndáil le nósanna imeachta maidir le roghnú foirne a eagraíonn an institiúid go díreach agus an caiteachas a bhaineann le taisteal agus scrúdú leighis na n-iarrthóirí.

I gcásanna a bhfuil bonn cirt cuí leo de bharr riachtanais oibríochtúla agus tar éis dul i gcomhairle leis an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne, féadfar an leithreasú seo a úsáid le haghaidh comórtais a eagróidh an institiúid í féin.

Méid an ioncaim sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

1 6 1 2 Oiliúint bhreise

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 620 000 | 1 750 000 | 1 363 779,95 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar cúrsaí oiliúna gairmiúla breise agus cúrsaí athoiliúna, lena n-áirítear cúrsaí teanga, a reáchtáiltear ar bhonn idirinstitiúideach.

Cumdaítear leis freisin caiteachas ar threalamh oideachais agus teicniúil.

Méid an ioncaim sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 24a díobh.

***1 6 2*** ***Misin***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 366 000 | 377 000 | 250 200,— |

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

***1 6 2*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais iompair, íocaíocht liúntas cothaithe laethúil ar mhisin, agus costais choimhdeacha nó speisialta a bhaineann le misin.

Méid an ioncaim sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 11, 12 agus 13 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leo.

***1 6 3*** ***Caiteachas ar fhoireann na hinstitiúide***

1 6 3 0 Leas sóisialach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 60 000 | 50 000 | 50 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar cúnamh atá le thabhairt don fhoireann in imthosca atá an-deacair.

Is beartaithe é freisin do na catagóirí seo a leanas de dhaoine mar chuid de bheartas chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas:

- oifigigh agus foireann shealadach a bhfuil stádas gníomhach acu,
- céilí oifigeach agus foirne sealadaí a bhfuil stádas gníomhach acu,
- gach leanbh cleithiúnach de réir bhrí Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Cumhdaítear leis, a mhéid a cheadaítear leis an mbuiséad agus tar éis teidlíochtaí náisiúnta sa tír chónaithe nó sa tír thionscnaimh a bheith ídithe, aisíocaíocht speansas (seachas speansais leighis) a aithníodh mar speansais riachtanacha, a eascraíonn as an míchumas agus a bhfuil fianaise dhoiciméadach ag gabháil leo.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 76 díobh.

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

***1 6 3*** *(Ar lean.)*

1 6 3 2 Teagmhálacha sóisialta idir daoine den fhoireann agus caiteachas leasa eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 336 000 | 324 000 | 364 849,53 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo:

— spreagadh agus tacaíocht airgeadais a thabhairt d'aon tionscnamh arb é is aidhm dó teagmhálacha sóisialta a spreagadh idir daoine den fhoireann de náisiúntachtaí éagsúla, amhail fóirdheontais do chlubanna, cumainn spóirt agus cumainn cultúir na foirne,

— tacaíocht agus fóirdheontais eile a chumhdach don fhoireann agus a dteaghlaigh.

Méid an ioncaim sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

***1 6 5*** ***Gníomhaíochtaí a bhaineann le gach duine atá ag obair leis an institiúid***

1 6 5 0 Seirbhís leighis

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 207 000 | 231 000 | 127 618,12 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a bhaineann le feidhmiú na seirbhíse leighis. Áirítear leis an gcaiteachas sin, *inter alia*, na speansais le haghaidh scrúdú leighis bliantúil na n-oifigeach go léir, lena n-áirítear tástálacha agus scrúduithe leighis breise a iarrtar i staca leis an scrúdú sin, costais oibriúcháin an ionaid leighis agus na costais chun trealamh leighis a cheannach, speansais arna dtabhú i dtaca le himeachtaí na Coiste Easláine agus speansais a bhaineann le gníomhaíochtaí maidir le cur chun cinn na folláine ag an obair.

Méid an ioncaim sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 59 díobh agus Airteagal 8 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leo.

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

***1 6 5*** *(Ar lean.)*

1 6 5 2 Bialanna agus ceaintíní

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 184 000 | 184 000 | 152 454,10 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar fáil agus cothabháil an trealaimh sna bialanna agus sna ceaintíní, chomh maith le cuid dá gcostais oibriúcháin, lena n-áirítear go háirithe rialuithe sláinteachais agus cáilíochta.

Cumhdaítear leis freisin na costais athraithe agus athnuachana le haghaidh trealamh sna bialanna agus sna ceaintíní.

Méid an ioncaim sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

1 6 5 4 Ionad Luath-Óige

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 835 000 | 3 420 000 | 3 122 919,16 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ranníocaíocht na hinstitiúide le hIonad Luath-Óige i Lucsamburg.

Méid an ioncaim sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

1 6 5 5 Caiteachas PMO le haghaidh riar ábhar a bhaineann le foireann na Cúirte

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas arna thabhú faoi chomhaontuithe seirbhíse idir Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla (PMO) an Choimisiúin agus an institiúid.

***1 6 5*** *(Ar lean.)*

1 6 5 6 Scoileanna Eorpacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 55 000 | 48 000 | 46 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ranníocaíocht na hinstitiúide leis na Scoileanna Eorpacha de Chineál II atá creidiúnaithe ag Bord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha nó aisíoc na ranníocaíochta arna híoc ag an gCimisiún thar ceann na hinstitiúide leis na Scoileanna Eorpacha de Chineál II atá creidiúnaithe ag Bord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha, i gcomhréir leis an gcomhaontú seirbhíse arna thabhairt i gcrích leis an gCoimisiún. Cumhdaítear leis na costais a bhaineann leis na leanaí de chuid fhoireann na hinstitiúide a thagann faoi na Rialachán Foirne agus atá cláraithe sna scoileanna sin.

## TEIDEAL 2

## FOIRGNIMH, TROSCÁN, TREALAMH AGUS CAITEACHAS ILGHNÉITHEACH OIBRIÚCHÁIN

### CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 2 0 | | | | |
| **2 0 0** | ***Foirgnimh*** | | | | |
| 2 0 0 0 | Cíos | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 175 000 | 135 000 | 134 550,13 | 76,89 |
| 2 0 0 1 | Fruilcheannach | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 31 894 000 | 32 092 000 | 38 228 901,04 | 119,86 |
| 2 0 0 3 | Fáil maoine dochorraithe | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 2 0 0 5 | Tógáil foirgneamh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 2 0 0 7 | Feistiú áitreabh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 074 000 | 1 980 000 | 4 774 523,04 | 230,21 |
| 2 0 0 8 | Staidéir agus cúnamh teicniúil i dtaca le foirgnimh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 240 000 | 1 225 000 | 1 643 007,67 | 132,50 |
| | *Airteagal 2 0 0 — IOMLÁN* | 35 383 000 | 35 432 000 | 44 780 981,88 | 126,56 |
| **2 0 2** | ***Costais a bhaineann le foirgnimh*** | | | | |
| 2 0 2 2 | Glanadh agus cothabháil | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 12 427 000 | 11 575 000 | 10 739 892,73 | 86,42 |
| 2 0 2 4 | Tomhaltas fuinnimh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 230 531 | 3 163 000 | 5 414 954,87 | 167,62 |
| 2 0 2 6 | Slándáil agus faireachas foirgneamh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 8 279 000 | 7 669 000 | 7 606 086,44 | 91,87 |
| 2 0 2 8 | Árachas | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 475 000 | 475 000 | 464 725,31 | 97,84 |

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS MAOIN SHOCHORRAITHE: CEANNACH, FÁIL AR CÍOS AGUS COTHABHÁIL**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **2 0 2** | *(Ar lean.)* | | | | |
| 2 0 2 9 | Caiteachas eile ar fhoirgnimh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 220 000 | 218 000 | 208 454,37 | 94,75 |
| | *Airteagal 2 0 2 — IOMLÁN* | 24 631 531 | 23 100 000 | 24 434 113,72 | 99,20 |
| | CAIBIDIL 2 0 — IOMLÁN | 60 014 531 | 58 532 000 | 69 215 095,60 | 115,33 |
| | CAIBIDIL 2 1 | | | | |
| **2 1 0** | ***Trealamh, costais oibriúcháin agus seirbhísí a bhaineann le próiseáil sonraí agus teileachumarsáid*** | | | | |
| 2 1 0 0 | Ceannach, seirbhísiú agus cothabháil trealamh agus bogearraí | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 13 025 000 | 12 556 893 | 11 767 848,06 | 90,35 |
| 2 1 0 2 | Seirbhísí seachtracha i leith oibriú, cruthú agus cothabháil bogearraí agus córas | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 19 677 000 | 18 518 000 | 17 084 630,51 | 86,83 |
| 2 1 0 3 | Teileachumarsáid | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 450 000 | 474 000 | 404 955,35 | 89,99 |
| | *Airteagal 2 1 0 — IOMLÁN* | 33 152 000 | 31 548 893 | 29 257 433,92 | 88,25 |
| **2 1 2** | ***Troscán*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 510 000 | 510 000 | 474 506,53 | 93,04 |
| **2 1 4** | ***Trealamh teicniúil agus suiteálacha teicniúla*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 494 000 | 662 000 | 679 802,97 | 137,61 |
| **2 1 6** | ***Feithiclí*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 278 000 | 1 221 000 | 1 243 251,62 | 97,28 |
| | CAIBIDIL 2 1 — IOMLÁN | 35 434 000 | 33 941 893 | 31 654 995,04 | 89,34 |

**CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN REATHA**
**CAIBIDIL 2 5 — CAITEACHAS AR CHRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA**
**CAIBIDIL 2 7 — FAISENÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS SCAIPEADH**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 2 3 | | | | |
| **2 3 0** | ***Stáiseanóireacht, soláthairtí oifige agus tomhaltáin ilghnéitheacha*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 535 000 | 535 000 | 418 586,88 | 78,24 |
| **2 3 1** | ***Muirir airgeadais*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 15 000 | 40 000 | 6 300,— | 42 |
| **2 3 2** | ***Speansais dlí agus damáistí*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 30 000 | 30 000 | 5 375,17 | 17,92 |
| **2 3 6** | ***Táillí poist*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 140 000 | 159 000 | 130 000,— | 92,86 |
| **2 3 8** | ***Caiteachas riaracháin eile*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 783 000 | 565 000 | 381 483,50 | 48,72 |
| | CAIBIDIL 2 3 — IOMLÁN | 1 503 000 | 1 329 000 | 941 745,55 | 62,66 |
| | CAIBIDIL 2 5 | | | | |
| **2 5 2** | ***Speansais fáiltithe agus ionadaíochta*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 158 000 | 155 000 | 150 704,24 | 95,38 |
| **2 5 4** | ***Cruinnithe, comhdhálacha agus cuairteanna*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 387 000 | 380 000 | 332 307,38 | 85,87 |
| | CAIBIDIL 2 5 — IOMLÁN | 545 000 | 535 000 | 483 011,62 | 88,63 |
| | CAIBIDIL 2 7 | | | | |
| **2 7 0** | ***Comhairliúcháin, staidéir agus suirbhéanna de chineál teoranta*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **2 7 2** | ***Caiteachas doiciméadúcháin, leabharlainne agus cartlainne*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 791 000 | 1 839 000 | 1 587 792,71 | 88,65 |

**CAIBIDIL 2 7 — FAISENÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS SCAIPEADH** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **2 7 4** | ***Táirgeadh agus scaipeadh faisnéise*** | | | | |
| 2 7 4 0 | An Iris Oifigiúil | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 2 7 4 1 | Foilseacháin ghinearálta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 310 000 | 305 000 | 263 307,99 | 84,94 |
| 2 7 4 2 | Caiteachas faisnéise eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 320 000 | 221 000 | 200 529,89 | 62,67 |
| | *Airteagal 2 7 4 — IOMLÁN* | 630 000 | 526 000 | 463 837,88 | 73,63 |
| | CAIBIDIL 2 7 — IOMLÁN | 2 421 000 | 2 365 000 | 2 051 630,59 | 84,74 |
| | **Teideal 2 — IOMLÁN** | **99 917 531** | **96 702 893** | **104 346 478,40** | **104,43** |

# TEIDEAL 2

# FOIRGNIMH, TROSCÁN, TREALAMH AGUS CAITEACHAS ILGHNÉITHEACH OIBRIÚCHÁIN

## CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

### *2 0 0 Foirgnimh*

2 0 0 0 Cíos

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 175 000 | 135 000 | 134 550,13 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na cíosanna le haghaidh na bhfoirgneamh ina bhfuil an institiúid.

Méid an ioncaim sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 0 1 Fruilcheannach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 31 894 000 | 32 092 000 | 38 228 901,04 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith na bhfoirgneamh faoi chonarthaí fruilcheannaigh.

Méid an ioncaim sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 0 3 Fáil maoine dochorraithe

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA** *(Ar lean.)*

***2 0 0*** *(Ar lean.)*

2 0 0 5 Tógáil foirgneamh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá an mhír seo beartaithe le haon leithreas a iontráil chun foirgnimh a thógáil.

2 0 0 7 Feistiú áitreabh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 074 000 | 1 980 000 | 4 774 523,04 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— obair feistithe de chineálacha éagsúla, lena n-áirítear go háirithe páirtíní, cuirtíní, agus sreangaithe, péinteáil, clúdaigh bhalla, clúdaigh urláir agus síleálacha crochta a shuiteáil, agus na suiteálacha teicniúla lena mbaineann,

— an caiteachas a bhaineann le hobair a thagann as anailís agus as cúnamh.

Méid an ioncaim sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 0 8 Staidéir agus cúnamh teicniúil i dtaca le foirgnimh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 240 000 | 1 225 000 | 1 643 007,67 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas a bhaineann le staidéir agus cúnamh teicniúil i dtaca le foirgnimh.

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA** *(Ar lean.)*

## 2 0 2 *Costais a bhaineann le foirgnimh*

### 2 0 2 2 Glanadh agus cothabháil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 12 427 000 | 11 575 000 | 10 739 892,73 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais chothabhála agus ghlantacháin, i gcomhréir leis na conarthaí reatha, a bhaineann leis an áitreabh agus na suiteálacha teicniúla chomh maith le caiteachas ar an obair agus an trealamh is gá le haghaidh cothabháil ghinearálta (amhail athphéinteáil agus deisiúcháin) de chuid na bhfoirgneamh ina bhfuil an institiúid.

Méid an ioncaim sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

### 2 0 2 4 Tomhaltas fuinnimh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 230 531 | 3 163 000 | 5 414 954,87 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar tomhaltas uisce, gáis, leictreachais agus breosla teasa.

Meastar gurb ionann méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais : p.m.

### 2 0 2 6 Slándáil agus faireachas foirgneamh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 8 279 000 | 7 669 000 | 7 606 086,44 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais slándála le haghaidh na bhfoirgneamh ina bhfuil an institiúid.

Méid an ioncaim sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA** *(Ar lean.)*

***2 0 2*** *(Ar lean.)*

2 0 2 8 Árachas

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 475 000 | 475 000 | 464 725,31 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar préimheanna árachais is iníoctha faoi pholasaithe árachais arna dtógáil amach le haghaidh na bhfoirgneamh ina bhfuil an institiúid.

Méid an ioncaim sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 2 9 Caiteachas eile ar fhoirgnimh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 220 000 | 218 000 | 208 454,37 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais oibriúcháin nach bhforáiltear dóibh go sonrach in aon airteagal eile den chaibidil seo, go háirithe, go háirithe muirir bhóthair, sláintíocht, bailiú dramhaíola agus comharthaí bóthair.

Méid an ioncaim sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS MAOIN SHOCHORRAITHE: CEANNACH, FÁIL AR CÍOS AGUS COTHABHÁIL**

***2 1 0*** ***Trealamh, costais oibriúcháin agus seirbhísí a bhaineann le próiseáil sonraí agus teileachumarsáid***

2 1 0 0 Ceannach, seirbhísiú agus cothabháil trealamh agus bogearraí

— na liúntais atá le híoc i gcomhréir leis na Rialachán Foirne nó Rialacháin eile,

— rannpháirtíocht an fhostóra i leith árachas breoiteachta le haghaidh faighteoirí liúntas,

— tionchar na n-ualaithe is infheidhme maidir le liúntais éagsúla.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 64 agus Airteagal 72 a ghabhann leo.

***1 2 9*** ***Leithreasú sealadach***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas a bhaineann le haon nuashonrú ar luach saothair.

Is de chineál iomlán sealadach é an leithreasú seo agus ní fhéadfar é a úsáid ach amháin tar éis é a aistriú chuig airteagail nó míreanna eile den chaibidil seo, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 65 agus Airteagal 65a díobh agus Iarscríbhinn IV a ghabhann leo.

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA HEORPA

**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA**

***1 4 0*** ***Foireann eile agus seirbhísí seachtracha***

1 4 0 0 Foireann eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 6 115 360 | 6 015 000 | 6 033 468,75 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar, den chuid is mó, an caiteachas seo a leanas:

— luach saothair na foirne eile, go háirithe oibrithe ar conradh, ranníocaíochtaí slándála sóisialta na hinstitiúide i leith na foirne sin agus tionchar na n-ualaithe is infheidhme maidir lena luach saothair,

— táillí foirne leighis a íocadh faoi chomhlíonadh na scéime seirbhíse.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

1 4 0 4 Oiliúint inseirbhíse agus malartuithe foirne

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 991 000 | 2 850 000 | 2 229 864,09 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— caiteachas a bhaineann le hoifigigh ó Bhallstáit ar an gcéad dul síos, nó ó Stáit eile, a thabhairt ar iasacht don Chúirt Iniúchóirí nó a shannadh go sealadach don Chúirt Iniúchóirí agus saineolaithe nó caiteachais eile a bhaineann le hobair chomhairleach ghearrthéarmach,

— aisíocaíocht speansas breise arna dtabhú ag oifigigh an Aontais mar thoradh ar mhalartuithe;

— costas na dtréimhsí oiliúna inseirbhíse sa Chúirt Iniúchóirí.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA** *(Ar lean.)*

***1 4 0*** *(Ar lean.)*

1 4 0 5 Seirbhísí seachtracha eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 264 000 | 197 000 | 132 135,93 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar fostaíocht foirne sealadaí, gan aistritheoirí sealadacha a chur san áireamh.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

1 4 0 6 Seirbhísí seachtracha i réimse na dteangacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 731 000 | 717 000 | 659 454,74 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— caiteachas a bhaineann leis na bearta arna gcinneadh ag an gCoiste Idirinstitiúideach um Aistriúchán agus Ateangaireacht (ICTI) d'fhonn comhar idirinstitiúideach a chur chun cinn i réimse na dteangacha,

— táillí, ranníocaíochtaí slándála sóisialta, costais taistil agus liúntais chothaithe saorateangairí agus ateangairí neamhbhuana eile,

— na costais a bhaineann le hobair saoraistritheoirí nó aistritheoirí sealadacha agus le hobair eile a dhéanann an tSeirbhís Aistriúcháin a sheachfhoinsiú.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

***1 4 9*** ***Leithreasú sealadach***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA** *(Ar lean.)*

***1 4 9*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas a bhaineann le haon nuashonrú ar luach saothair.

Is de chineál iomlán sealadach é an leithreasú seo agus ní fhéadfar é a úsáid ach amháin tar éis é a aistriú chuig airteagail nó míreanna eile den chaibidil seo, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 65 agus Airteagal 65a díobh agus Iarscríbhinn IV a ghabhann leo.

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID**

***1 6 1*** ***Caiteachas a bhaineann le bainistiú foirne***

1 6 1 0 Caiteachas ilghnéitheach ar earcaíocht

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 77 000 | 97 000 | 39 973,58 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

- na costais a bhaineann le fógraíocht, le cuireadh a thabhairt d'iarrthóirí agus le costais taistil a thabhaíonn iarrthóirí, agus
- na costais a bhaineann le scrúduithe sláinte.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

***1 6 1*** *(Ar lean.)*

1 6 1 2 Oiliúint bhreise don fhoireann

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 720 000 | 750 000 | 675 673,07 |

*Barúlacha*

Tá an leithreasú seo ceaptha an caiteachas a chlúdach a bhaineann le gníomhaíochtaí éagsúla foghlama agus forbartha a eagrú do dhaoine den fhoireann trí chúrsaí, ceardlanna, seimineáir, comhdhálacha agus cuir i láthair, chomh maith le daoine den fhoireann a bheith páirteach i gcúrsaí idirinstitiúideacha (lena n-áirítear cúrsaí teanga).

Clúdaíonn sé freisin na táillí clárúcháin le haghaidh oiliúint sheachtrach don fhoireann agus táillí ballraíochta i gcomhlachtaí gairmiúla áirithe a bhfuil a gcuid oibre ábhartha do ghníomhaíochtaí na Cúirte Iniúchóirí.

Cumhdaítear leis an leithreasú seo freisin ceannach trealaimh teagaisc agus theicniúil le haghaidh oiliúint foirne.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 24a díobh.

***1 6 2*** ***Misin***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 590 000 | 2 452 500 | 1 647 500,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar speansais taistil, lena n-áirítear costais choimhdeacha a bhaineann le ticéid agus áirithintí, íocaíocht liúntas misin agus speansais choimhdeacha nó eisceachtúla arna dtabhú mar thoradh ar mhisin oifigigh na Cúirte Iniúchóirí agus baill foirne eile, agus i ndáil le saineolaithe nó oifigigh náisiúnta nó idirnáisiúnta a tugadh ar iasacht don Chúirt Iniúchóirí agus oiliúnaithe.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

**1 6 2** *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 11, Airteagal 12 agus Airteagal 13 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leo.

***1 6 3 Cúnamh d'fhoireann na hinstitiúide***

1 6 3 0 Leas sóisialta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 25 000 | 27 000 | 11 903,36 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar cúnamh a thabhairt don fhoireann in imthosca atá an-deacair.

Is beartaithe an leithreasú seo freisin do na catagóirí seo a leanas de dhaoine mar chuid de bheartas chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas:

— oifigigh agus foireann shealadach a bhfuil stádas gníomhach acu,

— céilí oifigeach agus foirne sealadaí a bhfuil stádas gníomhach acu,

— gach leanbh cleithiúnach de réir bhrí Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Cumhdaítear leis, a mhéid a cheadaítear leis an mbuiséad agus tar éis teidlíochtaí náisiúnta sa tír chónaithe nó sa tír thionscnaimh a bheith ídithe, aisíocaíocht speansas (seachas speansais leighis) a aithníodh mar speansais riachtanacha, a eascraíonn as an míchumas agus a bhfuil fianaise dhoiciméadach ag gabháil leo.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 76 díobh.

1 6 3 2 Teagmhálacha sóisialta idir daoine den fhoireann agus caiteachas leasa eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 78 000 | 77 000 | 77 162,83 |

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

***1 6 3*** *(Ar lean.)*

1 6 3 2 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— spreagadh agus tacaíocht airgeadais a thabhairt d'aon tionscadal arb é is aidhm dó teagmhálacha sóisialta a spreagadh idir daoine den fhoireann de náisiúntachtaí éagsúla, amhail fóirdheontais do chlubanna foirne, cumainn chultúrtha agus cumainn spóirt,

— cúnamh agus fóirdheontais eile le haghaidh foirne agus a gcuid teaghlaigh.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

1 6 3 3 Éagsúlacht, cuimsiú, dea-bhail agus tarraingteacht na háite oibre

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 20 000 | | |

*Barúlacha*

Tá an leithreasú seo ceaptha gníomhaíochtaí a chlúdach a bhfuil sé mar aidhm leo éagsúlacht agus cuimsiú a mhéadú i measc fhoireann na Cúirte Iniúchóirí agus tá sé mar aidhm leis rannpháirtíocht na Cúirte i ngníomhaíochtaí idirinstitiúideacha a mhéadú. Cisteoidh sé freisin gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar dhea-bhail na bhfostaithe, ar nós feachtais múscailte feasachta, seisiúin chóitseála agus oiliúint ar thopaicí ábhartha. Leis an leithreasú seo, cumhdófar chomh maith an rannchuidiú na Cúirte Iniúchóirí le gníomhaíochtaí idirinstitiúideacha ar maithe le feabhas a chur ar a tharraingtí atá Lucsamburg mar áit oibre.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

***1 6 5*** ***Gníomhaíochtaí a bhaineann le gach duine atá ag obair leis an institiúid***

1 6 5 0 Seirbhís leighis

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 153 000 | 151 000 | 158 747,13 |

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

***1 6 5*** *(Ar lean.)*

1 6 5 0 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costas an scrúdaithe bhliantúil leighis ar gach ball foirne, lena n-áirítear aon scrúdú leighis agus tástáil a iarrtar ina dhiaidh sin.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 59 díobh agus Airteagal 8 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leo.

1 6 5 2 Bialanna agus ceaintíní

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 150 000 | 140 000 | 139 984,34 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas oibríochtúil maidir le bialanna agus caifitéirí.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar freisin tiontú agus athnuachan an trealaimh sa bhialann agus sna caifitéirí chun caighdeáin sláinte agus sábháilteachta náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair a chomhlíonadh.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

1 6 5 4 Ionad Luath-Óige

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 218 000 | 1 359 000 | 1 461 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ranníocaíocht na Cúirte Iniúchóirí leis an Ionad Luath-Óige agus le hionad staidéir i Lucsamburg.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

## TEIDEAL 2

## FOIRGNIMH, MAOIN SHOCHORRAITHE, TREALAMH AGUS CAITEACHAS ILGHNÉITHEACH OIBRIÚCHÁIN

### CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 2 0 | | | | |
| **2 0 0** | ***Foirgnimh*** | | | | |
| 2 0 0 0 | Cíos | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 145 000 | 145 000 | 126 541,22 | 87,27 |
| 2 0 0 1 | Fruilcheannach | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 2 0 0 3 | Fáil maoine dochorraithe | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 2 0 0 5 | Tógáil foirgneamh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 2 0 0 7 | Feistiú áitreabh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 305 000 | 395 000 | 1 065 868,— | 349,46 |
| 2 0 0 8 | Staidéir agus cúnamh teicniúil i dtaca le tionscadail tógála | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 94 000 | 210 000 | 137 451,92 | 146,23 |
| | *Airteagal 2 0 0 — IOMLÁN* | 544 000 | 750 000 | 1 329 861,14 | 244,46 |
| **2 0 2** | ***Caiteachas ar fhoirgnimh*** | | | | |
| 2 0 2 2 | Glanadh agus cothabháil | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 074 000 | 1 897 000 | 1 872 438,32 | 90,28 |
| 2 0 2 4 | Tomhaltas fuinnimh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 719 530 | 1 130 000 | 1 200 000,— | 69,79 |
| 2 0 2 6 | Slándáil agus faireachas foirgneamh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 212 000 | 222 000 | 299 101,04 | 141,09 |
| 2 0 2 8 | Árachas | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 213 000 | 235 000 | 163 925,71 | 76,96 |

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS MAOIN SHOCHORRAITHE: CEANNACH, FÁIL AR CÍOS AGUS COTHABHÁIL**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **2 0 2** | *(Ar lean.)* | | | | |
| 2 0 2 9 | Caiteachas eile ar fhoirgnimh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 47 000 | 40 000 | 39 417,47 | 83,87 |
| | *Airteagal 2 0 2 — IOMLÁN* | 4 265 530 | 3 524 000 | 3 574 882,54 | 83,81 |
| | CAIBIDIL 2 0 — IOMLÁN | 4 809 530 | 4 274 000 | 4 904 743,68 | 101,98 |
| | CAIBIDIL 2 1 | | | | |
| **2 1 0** | ***Trealamh, costais oibriúcháin agus seirbhísí a bhaineann le próiseáil sonraí agus teileachumarsáid*** | | | | |
| 2 1 0 0 | Ceannach, seirbhísiú agus cothabháil trealaimh agus bogearraí | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 748 000 | 2 601 325 | 3 098 000,— | 112,74 |
| 2 1 0 2 | Seirbhísí seachtracha i leith oibriú, cur chun feidhme agus cothabháil bogearraí agus córas | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 5 787 000 | 5 499 000 | 5 525 225,— | 95,48 |
| 2 1 0 3 | Teileachumarsáid | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 360 000 | 352 000 | 255 911,09 | 71,09 |
| | *Airteagal 2 1 0 — IOMLÁN* | 8 895 000 | 8 452 325 | 8 879 136,09 | 99,82 |
| **2 1 2** | ***Troscán*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 130 000 | 119 675 | 119 518,63 | 91,94 |
| **2 1 4** | ***Trealamh teicniúil agus suiteálacha*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 340 000 | 314 000 | 313 989,69 | 92,35 |
| **2 1 6** | ***Feithiclí*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 463 000 | 460 000 | 349 368,04 | 75,46 |
| | CAIBIDIL 2 1 — IOMLÁN | 9 828 000 | 9 346 000 | 9 662 012,45 | 98,31 |

**CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN REATHA**
**CAIBIDIL 2 5 — CRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 2 3 | | | | |
| **2 3 0** | ***Stáiseanóireacht, soláthairtí oifige agus tomhaltáin ilghnéitheacha*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 40 000 | 40 000 | 54 996,67 | 137,49 |
| **2 3 1** | ***Muirir airgeadais*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 10 000 | 12 000 | 7 355,70 | 73,56 |
| **2 3 2** | ***Costais dlí agus damáistí*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 100 000 | 200 000 | 35 500,— | 35,50 |
| **2 3 6** | ***Postas agus muirir sheachadta*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 15 000 | 15 000 | 12 333,75 | 82,23 |
| **2 3 8** | ***Caiteachas riaracháin eile*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 465 000 | 321 000 | 368 604,17 | 79,27 |
| | CAIBIDIL 2 3 — IOMLÁN | 630 000 | 588 000 | 478 790,29 | 76 |
| | CAIBIDIL 2 5 | | | | |
| **2 5 2** | ***Speansais ionadaíochta*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 119 000 | 183 000 | 21 280,65 | 17,88 |
| **2 5 4** | ***Cruinnithe agus comhdhálacha*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 110 000 | 110 000 | 80 407,92 | 73,10 |
| **2 5 6** | ***Caiteachas ar scaipeadh faisnéise agus rannpháirtíocht in imeachtaí poiblí*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 17 000 | 17 000 | 16 802,17 | 98,84 |
| **2 5 7** | ***Costais ateangaireachta*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 270 000 | 270 000 | 66 116,— | 24,49 |
| | CAIBIDIL 2 5 — IOMLÁN | 516 000 | 580 000 | 184 606,74 | 35,78 |

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA HEORPA

## CAIBIDIL 2 7 — FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS DÁILEADH

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 2 7 | | | | |
| **2 7 0** | ***Comhairliúcháin, staidéir agus suirbhéanna de chineál teoranta*** | | | | |
| 2 7 0 0 | Comhairliúcháin, staidéir agus suirbhéanna de chineál teoranta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 562 000 | 514 000 | 256 886,— | 45,71 |
| | *Airteagal 2 7 0 — IOMLÁN* | 562 000 | 514 000 | 256 886,— | 45,71 |
| **2 7 2** | ***Caiteachas doiciméadúcháin, leabharlainne agus cartlannaithe*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 698 000 | 647 000 | 595 000,— | 85,24 |
| **2 7 4** | ***Táirgeadh agus dáileadh*** | | | | |
| 2 7 4 1 | Foilseacháin de chineál ginearálta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 575 000 | 625 000 | 292 821,08 | 50,93 |
| | *Airteagal 2 7 4 — IOMLÁN* | 575 000 | 625 000 | 292 821,08 | 50,93 |
| | CAIBIDIL 2 7 — IOMLÁN | 1 835 000 | 1 786 000 | 1 144 707,08 | 62,38 |
| | **Teideal 2 — IOMLÁN** | **17 618 530** | **16 574 000** | **16 374 860,24** | **92,94** |

# TEIDEAL 2

# FOIRGNIMH, MAOIN SHOCHORRAITHE, TREALAMH AGUS CAITEACHAS ILGHNÉITHEACH OIBRIÚCHÁIN

## CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

### ***2 0 0 Foirgnimh***

2 0 0 0 Cíos

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 145 000 | 145 000 | 126 541,22 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar chíosanna i Lucsamburg.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 0 1 Fruilcheannach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar táillí léasa fadtéarmacha agus caiteachas eile dá samhail atá le híoc ag an institiúid faoi chonarthaí fruilcheannaigh.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 0 3 Fáil maoine dochorraithe

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar maoiniú don obair shínithe chuig tógáil na Cúirte Iniúchóirí i Lucsamburg (Kirchberg) trí thráthchodanna bliantúla.

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA** *(Ar lean.)*

***2 0 0*** *(Ar lean.)*

2 0 0 5 Tógáil foirgneamh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an mír seo go gcumhdófar aon leithreasú a iontráiltear chun foirgnimh a thógáil.

2 0 0 7 Feistiú áitreabh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 305 000 | 395 000 | 1 065 868,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— obair feistithe de chineálacha éagsúla, lena n-áirítear go háirithe deighiltí, cuirtíní, cáblaí, péinteáil, clúdaigh bhalla, clúdaigh urláir, síleálacha crochta a shuiteáil agus na suiteálacha teicniúla lena mbaineann,

— caiteachas maidir le hobair a eascraíonn as staidéir agus cúnamh teicniúil i ndáil le tionscadail tógála ar mórscála.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 0 8 Staidéir agus cúnamh teicniúil i dtaca le tionscadail tógála

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 94 000 | 210 000 | 137 451,92 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas maidir le staidéir agus cúnamh teicniúil i dtaca le foirgnimh.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA** *(Ar lean.)*

### *2 0 2 Caiteachas ar fhoirgnimh*

2 0 2 2 Glanadh agus cothabháil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 074 000 | 1 897 000 | 1 872 438,32 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar, den chuid is mó, na nithe seo a leanas:

— costais chothabhála agus ghlantacháin d'áitreabh, ardaitheoirí, trealaimh téimh lárnaigh, trealaimh aerchóirithe agus suiteálacha leictreacha agus na hathruithe agus deisiúcháin orthu,

— ceannach táirgí cothabhála, níocháin agus tirimghlanta, agus aon soláthairtí is gá le haghaidh cothabhála.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 2 4 Tomhaltas fuinnimh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 719 530 | 1 130 000 | 1 200 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar tomhaltas uisce, gáis agus leictreachais agus costais téimh.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 2 6 Slándáil agus faireachas foirgneamh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 212 000 | 222 000 | 299 101,04 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar, den chuid is mó, caiteachas ilghnéitheach a bhaineann le slándáil foirgneamh, go háirithe conarthaí chun faireachas a dhéanamh ar fhoirgnimh agus chun trealamh comhraic dóiteáin agus trealamh d'oifigigh slándála a cheannach agus a chothabháil.

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA** *(Ar lean.)*

**2 0 2** *(Ar lean.)*

2 0 2 6 *(Ar lean.)*

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 2 8 Árachas

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 213 000 | 235 000 | 163 925,71 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na préimheanna is iníoctha ar na polasaithe árachais, a bhaineann leis na foirgnimh atá á n-áitiú ag an institiúid, lena n-áirítear cumhdach do mhaoin inchorraithe agus saothair ealaíne.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 2 9 Caiteachas eile ar fhoirgnimh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 47 000 | 40 000 | 39 417,47 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas reatha eile ar fhoirgnimh nach bhforáiltear dó go sonrach in airteagail eile na caibidle seo, go háirithe séarachas, bailiú bruscair, cánacha bóthair agus comharthaí.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS MAOIN SHOCHORRAITHE: CEANNACH, FÁIL AR CÍOS AGUS COTHABHÁIL**

***2 1 0 Trealamh, costais oibriúcháin agus seirbhísí a bhaineann le próiseáil sonraí agus teileachumarsáid***

2 1 0 0 Ceannach, seirbhísiú agus cothabháil trealaimh agus bogearraí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 748 000 | 2 601 325 | 3 098 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an caiteachas oibriúcháin seo a leanas:

— ceannach, léasú agus cothabháil trealaimh ríomhaireachta agus bogearraí agus soláthairtí agus doiciméad eile,

— cáblaí ríomhaireachta.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 1 0 2 Seirbhísí seachtracha i leith oibriú, cur chun feidhme agus cothabháil bogearraí agus córas

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 5 787 000 | 5 499 000 | 5 525 225,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoireann sheachtrach agus obair atá ar conradh, lena n-áirítear na seirbhísí 'deisce cabhrach'.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 1 0 3 Teileachumarsáid

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 360 000 | 352 000 | 255 911,09 |

**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS MAOIN SHOCHORRAITHE: CEANNACH, FÁIL AR CÍOS AGUS COTHABHÁIL**
*(Ar lean.)*

***2 1 0*** *(Ar lean.)*

2 1 0 3 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gach caiteachas a bhaineann le teileachumarsáid, amhail táillí rannpháirtí, línte teileafóin, táillí cumarsáide agus táillí cothabhála, chomh maith le ceannach, athnuachan, deisiú agus cothabháil suiteálacha agus trealaimh theileafóin.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

***2 1 2*** ***Troscán***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 130 000 | 119 675 | 119 518,63 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar troscán breise a cheannach nó a fháil ar cíos, é a chothabháil nó a dheisiú, agus athsholáthar seantroscán nó troscáin a bhfuil damáiste déanta air.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

***2 1 4*** ***Trealamh teicniúil agus suiteálacha***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 340 000 | 314 000 | 313 989,69 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar threalamh teicniúil a cheannach, a athsholáthar, a fháil ar cíos, a chothabháil agus a dheisiú.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS MAOIN SHOCHORRAITHE: CEANNACH, FÁIL AR CÍOS AGUS COTHABHÁIL** *(Ar lean.)*

**2 1 6** ***Feithiclí***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 463 000 | 460 000 | 349 368,04 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar feithiclí a cheannach nó a fháil ar cíos agus na costais oibriúcháin ina dhiaidh sin.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar freisin an ranníocaíocht le gluaiseacht.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN REATHA**

**2 3 0** ***Stáiseanóireacht, soláthairtí oifige agus tomhaltáin ilghnéitheacha***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 40 000 | 40 000 | 54 996,67 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar stáiseanóireacht agus soláthairtí oifige.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**2 3 1** ***Muirir airgeadais***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 10 000 | 12 000 | 7 355,70 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar táillí bainc, difríochtaí sa ráta malairte agus costais eile airgeadais.

**CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN REATHA** *(Ar lean.)*

**2 3 2** ***Costais dlí agus damáistí***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 100 000 | 200 000 | 35 500,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar aon chaiteachas agus táillí a d'fhéadfadh a bheith ar an gCúirt Iniúchóirí.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar freisin damáistí atá le híoc ag an gCúirt Iniúchóirí, go háirithe i ndáil le cinneadh dlíthiúil a fhorghníomhú.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**2 3 6** ***Postas agus muirir sheachadta***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 15 000 | 15 000 | 12 333,75 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais ar phostas, próiseáil agus seachadadh ag na seirbhísí poist nó ag gnólachtaí seachadta príobháideacha.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**2 3 8** ***Caiteachas riaracháin eile***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 465 000 | 321 000 | 368 604,17 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— costas ar árachas bagáiste d'fhoireann a bheidh ag taisteal ar mhisean,

— éide a cheannach do theachtairí agus tiománaithe, agus éadaí oibre eile,

**CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN REATHA** *(Ar lean.)*

**2 3 8** *(Ar lean.)*

— costas sólaistí agus sneaiceanna ó am go chéile a dhéantar a riar le linn cruinnithe inmheánacha, agus eagrú imeachtaí inmheánacha,

— costais maidir le trealamh agus troscán a aistriú agus a láimhseáil,

— caiteachas oibriúcháin eile nach bhforáiltear dó go sonrach sna ceannteidil roimhe seo agus costais a bhaineann le trealamh a chothabháil agus a dheisiú,

— mionchostais,

— gníomhaíochtaí EMAS, lena n-áirítear cur chun cinn, agus scéim fritháirimh carbóin na Cúirte Iniúchóirí.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 5 — CRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA**

**2 5 2** ***Speansais ionadaíochta***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 119 000 | 183 000 | 21 280,65 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar oibleagáidí na Cúirte Iniúchóirí maidir le hionadaíocht.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**2 5 4** ***Cruinnithe agus comhdhálacha***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 110 000 | 110 000 | 80 407,92 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar speansais taistil, chothaithe agus theagmhasacha ó shaineolaithe a ghlacann páirt i ngrúpaí staidéir agus i meithleacha, agus an costas maidir le cruinnithe den sórt sin a eagrú, sa mhéid is nach bhfuil siad cumhdaithe ag bonneagar atá ann cheana féin.

Tá sé beartaithe leis go gcumhdófar freisin an costas maidir le comhdhálacha agus cruinnithe a eagrú, páirt a ghlacadh iontu, agus costais imeachtaí inmheánacha eile.

**CAIBIDIL 2 5 — CRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA** *(Ar lean.)*

**2 5 4** *(Ar lean.)*

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**2 5 6** ***Caiteachas ar scaipeadh faisnéise agus rannpháirtíocht in imeachtaí poiblí***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 17 000 | 17 000 | 16 802,17 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costas a bhaineann le laethanta staidéir a eagrú maidir le gníomhaíochtaí na Cúirte Iniúchóirí, ar mhaithe le teagascóirí ollscoile, eagarthóirí ar irisí speisialaithe nó sainchuairteoirí eile ó Bhallstáit. Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar freisin caiteachas ilghnéitheach a bhaineann le beartas faisnéise agus cumarsáide ón gCúirt Iniúchóirí.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**2 5 7** ***Costais ateangaireachta***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 270 000 | 270 000 | 66 116,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais ateangaireachta:

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 7 — FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS DÁILEADH**

**2 7 0** ***Comhairliúcháin, staidéir agus suirbhéanna de chineál teoranta***

2 7 0 0 Comhairliúcháin, staidéir agus suirbhéanna de chineál teoranta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 562 000 | 514 000 | 256 886,— |

**CAIBIDIL 2 7 — FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS DÁILEADH** *(Ar lean.)*

***2 7 0*** *(Ar lean.)*

2 7 0 0 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar staidéir ar conradh a chumasú chuig saineolaithe atá cáilithe i réimse na hiniúchóireachta agus i réimsí de chineál riaracháin freisin.

Faoi chuimsiú a hiniúchtaí, ní mór don Chúirt Iniúchóirí staidéir agus anailísí teicniúla (mar shampla anailísí ceimiceacha, fisiceacha, staidrimh) a chur ar conradh chuig saineolaithe seachtracha.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar freisin costas a bhaineann le hiniúchadh a dhéanamh ar an gCúirt Iniúchóirí ag iniúchóir neamhspleách.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

***2 7 2*** ***Caiteachas doiciméadúcháin, leabharlainne agus cartlannaithe***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 698 000 | 647 000 | 595 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— leabhair, doiciméid agus foilseacháin neamhthréimhsiúla eile a fháil, chomh maith le nuashonruithe ar imleabhair atá ann cheana,

— trealamh speisialta don leabharlann,

— an costas maidir le síntiúis le nuachtáin, tréimhseacháin agus feasacháin éagsúla,

— an costas maidir le síntiúis le gníomhaireachtaí nuachta nó bunachair sonraí fhaisnéiseacha sheachtracha,

— táillí rochtana le haghaidh bunachair sonraí sheachtracha áirithe,

— an costas maidir le leabhair leabharlainne a cheangal agus a chothabháil,

— costas na seirbhísí cartlainne agus acmhainní cartlainne a fháil ar na meáin ionadacha.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 7 — FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS DÁILEADH** *(Ar lean.)*

## 2 7 4 *Táirgeadh agus dáileadh*

2 7 4 1 Foilseacháin de chineál ginearálta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 575 000 | 625 000 | 292 821,08 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— costais maidir le foilsiú agus dáileadh na dtuarascálacha agus na dtuairimí arna nglacadh ag an gCúirt Iniúchóirí de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, agus Airteagal 325(4) CFAE,

— costais na ngníomhaíochtaí cumarsáide maidir le hobair iniúchóireachta agus gníomhaíochtaí na Cúirte Iniúchóirí (go háirithe an suíomh gréasáin, ábhar closamhairc, doiciméadacht), lena n-áirítear costais an chaidrimh leis an bpreas agus le geallsealbhóirí eile.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

## TEIDEAL 10

## CAITEACHAS EILE

**CAIBIDIL 10 0 — LEITHREASUITHE SEALADACHA**
**CAIBIDIL 10 1 — CÚLCHISTE TEAGMHASACH**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 10 0 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 10 0 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 10 1 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 10 1 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Teideal 10 — IOMLÁN** | **p.m.** | **p.m.** | **0,—** | |

# TEIDEAL 10

# CAITEACHAS EILE

## CAIBIDIL 10 0 — LEITHREASUITHE SEALADACHA

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

## CAIBIDIL 10 1 — CÚLCHISTE TEAGMHASACH

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

## FOIREANN

### Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

| Grúpa feidhme agus grád | 2024 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|
| | Poist bhuana | Poist shealadacha | Poist bhuana | Poist shealadacha |
| Gan chatagóir | — | 1 | — | 1 |
| AD 16 | — | — | — | — |
| AD 15 | 11 | — | 11 | — |
| AD 14 | 40 (1) | 31 | 40 (1) | 31 |
| AD 13 | 37 | 2 | 37 | 2 |
| AD 12 | 90 (2) (3) | 6 | 76 (3) | 6 |
| AD 11 | 54 (2) | 33 | 38 | 33 |
| AD 10 | 105 (2) | 2 | 95 | 2 |
| AD 9 | 80 (2) | 3 | 90 | 3 |
| AD 8 | 44 (2) (4) | 2 | 50 | 2 |
| AD 7 | 30 (2) | 25 | 50 | 25 |
| AD 6 | 42 | 1 | 42 | 1 |
| AD 5 | 23 | 11 | 23 | 11 |
| Fo-iomlán AD | 556 | 116 | 552 | 116 |
| AST 11 | 4 | 1 | 4 | 1 |
| AST 10 | 6 | — | 6 | — |
| AST 9 | 29 (2) | 1 | 24 | 1 |
| AST 8 | 10 (2) (4) | 1 | 14 | 1 |
| AST 7 | 27 (2) | 26 | 22 | 26 |
| AST 6 | 29 (2) | — | 33 | — |
| AST 5 | 19 (2) | 5 | 19 | 5 |
| AST 4 | 1 (2) | 16 | 7 | 16 |
| AST 3 | 4 | — | 4 | — |
| AST 2 | — | — | — | — |
| AST 1 | — | — | — | — |
| Fo-iomlán AST | 129 | 50 | 133 | 50 |
| AST/SC 6 | — | 9 | — | 9 |
| AST/SC 5 | — | 3 (2) | — | 2 |
| AST/SC 4 | 2 (2) | 11 (2) | — | 12 |
| AST/SC 3 | — | 4 | — | 4 |

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA HEORPA

| Grúpa feidhme agus grád | 2024 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|
| | Poist bhuana | Poist shealadacha | Poist bhuana | Poist shealadacha |
| AST/SC 2 | — | 1 | 2 | 1 |
| AST/SC 1 | — | — | — | — |
| Fo-iomlán AST/SC | 2 | 28 | 2 | 28 |
| **IOMLÁN** | **687** [5] | **195** [6] | **687** [5] | **195** [6] |
| **Comhiomlán** | **882** | | **882** | |

([1]) A bhfuil 1 AD 15 díobh *ad personam*.
([2]) Uasghráduithe (2024).
([3]) A bhfuil 2 AD 13 *ad personam*.
([4]) Claochlú poist (2024).
([5]) Ní áirítear anseo an cúlchiste fíorúil, gan leithdháileadh leithreasuithe, d'oifigigh ar iasacht in Oifigí Príobháideacha.
([6]) Beidh an grád ar a líonfar na poist arna sannadh do na hOifigí Príobháideacha ag teacht leis na critéir ghrádúcháin a bhfuil tuairisc orthu i gCinneadh Uimh. 56/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

*ROINN VI*

## COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA

COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA HEORPA

## IONCAM

**Ranníocaíocht an Aontais Eorpaigh le maoiniú chaiteachas an Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta le haghaidh na bliana airgeadais 2024**

| Ceannteideal | Méid |
|---|---|
| Caiteachas | 164 945 524 |
| Acmhainní dílse | – 16 506 076 |
| **Ranníocaíocht atá dlite** | **148 439 448** |

# IONCAM

## TEIDEAL 3

## IONCAM RIARACHÁIN

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN BHFOIREANN**
**CAIBIDIL 3 1 — IONCAM A BHAINEANN LE MAOIN**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 0 | | | | |
| **3 0 0** | ***Cánacha agus tobhaigh*** | | | | |
| 3 0 0 0 | Cáin ar luach saothair | 7 130 640 | 6 619 325 | 6 322 162,17 | 88,66 |
| 3 0 0 1 | Tobhaigh speisialta ar luach saothair | 1 400 154 | 1 324 920 | 1 241 403,02 | 88,66 |
| | *Airteagal 3 0 0 — IOMLÁN* | 8 530 794 | 7 944 245 | 7 563 565,19 | 88,66 |
| **3 0 1** | ***Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin*** | | | | |
| 3 0 1 0 | Ranníocaíochtaí foirne leis an scéim pinsin | 7 975 282 | 6 841 482 | 6 434 007,33 | 80,67 |
| 3 0 1 1 | Cearta pinsin á n-aistriú nó á gceannach ag an bhfoireann | p.m. | p.m. | 260 340,92 | |
| 3 0 1 2 | Ranníocaíochtaí foirne ar saoire leis an scéim pinsin | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 3 0 1 — IOMLÁN* | 7 975 282 | 6 841 482 | 6 694 348,25 | 83,94 |
| | CAIBIDIL 3 0 — IOMLÁN | 16 506 076 | 14 785 727 | 14 257 913,44 | 86,38 |
| | CAIBIDIL 3 1 | | | | |
| **3 1 0** | ***Díol maoine dochorraithe – Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **3 1 1** | ***Díol maoine eile*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **3 1 2** | ***Ligean agus foligean maoine dochorraithe ar cíos — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 1 841 462,88 | |
| | CAIBIDIL 3 1 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 1 841 462,88 | |

**CAIBIDIL 3 2 — IONCAM Ó SHOLÁTHAR EARRAÍ, SEIRBHÍSÍ AGUS OIBRE — IONCAM SANNTA**
**CAIBIDIL 3 3 — IONCAM RIARACHÁIN EILE**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 2 | | | | |
| ***3 2 0*** | ***Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre — Ioncam sannta*** | | | | |
| 3 2 0 2 | Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre le haghaidh institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 2 694 321,82 | |
| | *Airteagal 3 2 0 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | 2 694 321,82 | |
| ***3 2 1*** | ***Aisíocaíochtaí liúntas misean arna ndéanamh ag institiúidí nó comhlachtaí eile — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***3 2 2*** | ***Ioncam ó thríú páirtithe i ndáil le soláthar earraí, seirbhísí agus oibre — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 3 2 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 2 694 321,82 | |
| | CAIBIDIL 3 3 | | | | |
| ***3 3 0*** | ***Aisíocaíocht méideanna a íocadh go mícheart — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 23 890,14 | |
| ***3 3 1*** | ***Ioncam le haghaidh cuspóir sonrach (ioncam ó fhondúireachtaí, fóirdheontais, bronntanais agus tiomnachtaí) — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***3 3 3*** | ***Íocaíochtaí árachais a fuarthas — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***3 3 8*** | ***Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 161 732,83 | |
| ***3 3 9*** | ***Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 3 3 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 185 622,97 | |
| | **Teideal 3 — IOMLÁN** | **16 506 076** | **14 785 727** | **18 979 321,11** | **114,98** |

# TEIDEAL 3

# IONCAM RIARACHÁIN

## CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN BHFOIREANN

### *3 0 0 Cánacha agus tobhaigh*

3 0 0 0 Cáin ar luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 7 130 640 | 6 619 325 | 6 322 162,17 |

*Bunús dlí*

Prótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 12 de.

Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 260/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos na coinníollacha agus an nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm na cánach chun sochar na gComhphobal Eorpach (IO L 56, 4.3.1968, lch. 8).

3 0 0 1 Tobhaigh speisialta ar luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 400 154 | 1 324 920 | 1 241 403,02 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 66a díobh.

### *3 0 1 Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin*

3 0 1 0 Ranníocaíochtaí foirne leis an scéim pinsin

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 7 975 282 | 6 841 482 | 6 434 007,33 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(2) díobh.

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN BHFOIREANN** *(Ar lean.)*

***3 0 1*** *(Ar lean.)*

3 0 1 1 Cearta pinsin á n-aistriú nó á gceannach ag an bhfoireann

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 260 340,92 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 4, Airteagal 11(2) agus (3) agus Airteagal 48 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leo.

3 0 1 2 Ranníocaíochtaí foirne ar saoire leis an scéim pinsin

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

**CAIBIDIL 3 1 — IONCAM A BHAINEANN LE MAOIN**

***3 1 0*** ***Díol maoine dochorraithe – Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo ioncam ó dhíol maoine dochorraithe de chuid na hinstitiúide a thaifeadadh.

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte buiséid lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

***3 1 1*** ***Díol maoine eile***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo ioncam ó dhíol nó páirtmhalartú maoine eile de chuid na hinstitiúide a thaifeadadh.

**CAIBIDIL 3 1 — IONCAM A BHAINEANN LE MAOIN** *(Ar lean.)*

**3 1 2** ***Ligean agus foligean maoine dochorraithe ar cíos — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 1 841 462,88 |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte buiséid lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

**CAIBIDIL 3 2 — IONCAM Ó SHOLÁTHAR EARRAÍ, SEIRBHÍSÍ AGUS OIBRE — IONCAM SANNTA**

**3 2 0** ***Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre — Ioncam sannta***

3 2 0 2 Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre le haghaidh institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais — Ioncam sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 2 694 321,82 |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte buiséid lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

**3 2 1** ***Aisíocaíochtaí liúntas misean arna ndéanamh ag institiúidí nó comhlachtaí eile — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin, rud a fhágann go ndéanfar leithreasuithe breise a iontráil sna línte buiséid lena n-íoctar an caiteachas tosaigh as a dtagann an t-ioncam comhfhreagrach.

**3 2 2** ***Ioncam ó thríú páirtithe i ndáil le soláthar earraí, seirbhísí agus oibre — Ioncam sannta***

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***1 4 2*** | ***Seirbhísí seachtracha*** | | | | |
| 1 4 2 0 | Seirbhísí forlíontacha don tseirbhís aistriúcháin agus uirlisí aistriúcháin agus uirlisí seachfhoinsithe | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 700 000 | 674 924 | 619 000,— | 88,43 |
| 1 4 2 2 | Sainchúnamh a bhaineann le hobair chomhairliúcháin | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 420 000 | 420 000 | 320 000,— | 76,19 |
| | *Airteagal 1 4 2 — IOMLÁN* | 1 120 000 | 1 094 924 | 939 000,— | 83,84 |
| ***1 4 9*** | ***Leithreasú sealadach*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 1 4 — IOMLÁN | 11 603 897 | 11 348 746 | 8 507 167,88 | 73,31 |
| | CAIBIDIL 1 6 | | | | |
| ***1 6 1*** | ***Caiteachas a bhaineann le bainistiú foirne*** | | | | |
| 1 6 1 0 | Caiteachas ilghnéitheach ar earcaíocht | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 20 000 | 20 000 | 18 581,16 | 92,91 |
| 1 6 1 2 | Oiliúint bhreise, athoiliúint agus faisnéis don fhoireann | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 352 400 | 330 000 | 326 092,05 | 92,53 |
| | *Airteagal 1 6 1 — IOMLÁN* | 372 400 | 350 000 | 344 673,21 | 92,55 |
| ***1 6 2*** | ***Misin*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 478 050 | 370 833 | 419 657,— | 87,79 |
| ***1 6 3*** | ***Gníomhaíochtaí a bhaineann le gach duine a oibríonn leis an institiúid*** | | | | |
| 1 6 3 0 | Leas sóisialta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 20 400 | 20 400 | 10 000,— | 49,02 |

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE A OIBRÍONN LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **1 6 3** | *(Ar lean.)* | | | | |
| 1 6 3 2 | Beartas sóisialta inmheánach | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 31 000 | 31 000 | 8 152,51 | 26,30 |
| 1 6 3 3 | Comaitéireacht inbhuanaithe na mball foirne | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 61 500 | 61 500 | 41 500,— | 67,48 |
| 1 6 3 4 | An tSeirbhís liachta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 124 525 | 124 525 | 114 525,— | 91,97 |
| 1 6 3 6 | Bialanna agus ceaintíní | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 1 6 3 8 | Ionad Luath-Óige agus naíolanna lae formheasta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 750 000 | 750 000 | 673 000,— | 89,73 |
| | *Airteagal 1 6 3 — IOMLÁN* | 987 425 | 987 425 | 847 177,51 | 85,80 |
| ***1 6 4*** | ***Ranníocaíocht le Scoileanna Eorpacha creidiúnaithe*** | | | | |
| 1 6 4 0 | Ranníocaíocht le Scoileanna Eorpacha creidiúnaithe de Chineál II | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 1 6 4 — IOMLÁN* | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 1 6 — IOMLÁN | 1 837 875 | 1 708 258 | 1 611 507,72 | 87,68 |
| | **Teideal 1 — IOMLÁN** | **91 653 111** | **87 297 438** | **78 485 488,32** | **85,63** |

# TEIDEAL 1

# DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID

## CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA HINSTITIÚIDE

### *1 0 0 Tuarastail, liúntais agus íocaíochtaí*

1 0 0 0 Speansais oifige na gcomhaltaí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 162 421 | 159 236 | 158 760,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar speansais oifige chomhaltaí Choiste Eorpach na Réigiún, nó speansais oifige a gcomhaltaí malartacha siúd, ar iarradh orthu dualgais a chomhlíonadh agus freagrachtaí a ghabháil orthu féin laistigh den Choiste nó a d'fheidhmigh mar rapóirtéirí i gcomhréir leis na rialacháin is infheidhme.

Cumhdaítear leis freisin caiteachas cothrománach eile a bhaineann le sainordú na gcomhaltaí agus na gcomhaltaí malartacha a chur i gcrích, mar shampla na costais a bhaineann le cúnamh taistil agus árachas a sholáthar chomh maith leis an gcostas a bhaineann le *laissez-passer* a eisiúint ar bhonn Phrótacal Uimh. 7 ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh.

1 0 0 4 Liúntais taistil agus chothaithe, láithreacht ar chruinnithe agus caiteachas gaolmhar

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 8 990 715 | 9 201 514 | 8 145 167,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíochtaí le comhaltaí Choiste Eorpach na Réigiún agus lena gcomhaltaí malartacha siúd faoi na rialacháin is infheidhme maidir le costais iompair a aisíoc agus liúntais taistil agus chruinnithe a íoc. Cumhdaítear leis freisin na costais a bhaineann leis an ngníomhaireacht taistil atá ar conradh ag an gCoiste chun cabhrú le comhaltaí, agus lena gcomhaltaí malartacha siúd, a gcuid taistil faoi scáth an Choiste a eagrú.

**CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA HINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 0 5 Cúrsaí do Chomhaltaí na hinstitiúide***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 30 000 | 30 000 | 30 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go ndéanfar ranníocaíocht leis na costais na gcúrsaí teanga nó na gcúrsaí gairmoiliúna ábhartha eile ar a bhfreastalaíonn comhaltaí Choiste Eorpach na Réigiún agus a gcomhaltaí malartacha siúd, agus le ceannach ábhair féinteagaisc teanga i gcomhréir leis an rialachán is infheidhme.

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH**

*Barúlacha*

Cuireadh laghdú caighdeánach 6,0 % i bhfeidhm maidir leis na leithreasuithe a iontráladh sa chaibidil seo.

***1 2 0 Luach saothair agus teidlíochtaí eile***

1 2 0 0 Luach saothair agus liúntais

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 68 434 203 | 64 260 799 | 59 477 486,99 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdófar, den chuid is mó, leis an leithreasú seo na nithe seo a leanas i gcás oifigigh agus foireann shealadach a bhfuil post dá bhforáiltear sa phlean bunaíochta acu:

— tuarastail, liúntais teaghlaigh, liúntais easaoránachta agus cónaithe eachtraigh agus íocaíochtaí a bhaineann le tuarastail,

— ranníocaíocht na hinstitiúide leis an gComhscéim Árachais Breoiteachta (árachas in aghaidh breoiteachta, timpistí agus galar ceirde),

— liúntais ragoibre ar ráta comhréidh,

— liúntais agus deontais ilghnéitheacha eile,

— costais taistil na n-oifigeach nó na foirne sealadaí, a gcéilí agus a gcleithiúnaithe óna n-áit fostaíochta go dtí a n-áit tionscnaimh a íoc,

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH** *(Ar lean.)*

***1 2 0*** *(Ar lean.)*

1 2 0 0 *(Ar lean.)*

— tionchar na n-ualuithe tuarastail is infheidhme maidir le luach saothair agus leis an gcuid sin de dhíolaíochtaí a aistrítear chuig tír nach í an tír fostaíochta í,

— árachas dífhostaíochta d'fhoireann shealadach agus íocaíochtaí ón institiúid le foirne sealadacha chun a gcearta pinsin a bhunú nó a choinneáil ina dtír tionscnaimh,

— scaoilíocaíocht le promhóir a dífhostaíodh mar gheall ar neamhinniúlacht fhollasach,

— an íocaíocht i leith conradh baill foirne shealadaigh a bheith á fhoirceannadh ag an institiúid,

— an ranníocaíocht fhéideartha, de réir acmhainní an bhuiséid, le costais bhonneagair agus eirgeanamaíocha na foirne arna dtabhú acu le linn cianoibre i gcomhréir leis an gcinneadh ó Choiste Eorpach na Réigiún maidir leis an gcóras oibre.

Meastar gurb é EUR 3 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

1 2 0 2 Ragobair íoctha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 29 000 | 29 787 | 22 646,90 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíocht na ragoibre faoi na coinníollacha atá leagtha amach sa bhunús dlí.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 56 díobh agus Iarscríbhinn VI a ghabhann leo.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH** *(Ar lean.)*

***1 2 0*** *(Ar lean.)*

1 2 0 4 Teidlíochtaí ar dhul isteach sa tseirbhís, de thoradh aistriú a dhéanamh agus ar fhágáil na seirbhíse

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 205 000 | 203 308 | 267 812,72 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe a leanas:

— costais taistil atá dlite d'oifigigh agus don fhoireann shealadach (a dteaghlaigh san áireamh) atá ag dul isteach sa tseirbhís nó atá ag fágáil na seirbhíse nó atá ag aistriú chuig áit fostaíochta eile,

— liúntais lonnaithe/athlonnaithe agus costais aistrithe atá dlite d'oifigigh agus don fhoireann shealadach a bhfuil iallach orthu aistriú óna n-áit chónaithe ar dhul isteach sa phost dóibh, ar aistriú chuig áit nua fostaíochta dóibh agus ar fhágáil na hinstitiúide agus ar athlonnú in áit eile dóibh,

— an liúntas cothaithe laethúil d'oifigigh agus don fhoireann shealadach a thugann fianaise go bhfuil iallach orthu aistriú óna n-áit chónaithe ar dhul isteach sa phost dóibh nó ar aistriú chuig áit nua fostaíochta dóibh.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

***1 2 2*** ***Liúntais ar luathfhoirceannadh seirbhíse***

1 2 2 0 Liúntais don fhoireann a chuaigh ar scor ar mhaithe le leas na seirbhíse

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 360 000 | 355 790 | 264 939,11 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na liúntais a bheidh dlite d'oifigigh:

— ar sannadh stádas neamhghníomhach dóibh de thoradh beart chun líon na bpost san institiúid a laghdú,

— a bhfuil post ar ghrád AD 16 nó AD 15 acu agus a chuaigh ar scor chun leas na seirbhíse,

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH** *(Ar lean.)*

***1 2 2*** *(Ar lean.)*

1 2 2 0 *(Ar lean.)*

— a chuaigh ar scor nó a cuireadh ar scor ar chun leas na seirbhíse.

Cumhdófar leis freisin ranníocaíocht an fhostóra le hárachas breoiteachta, le scéim pinsin (más infheidhme) agus le tionchar na n-ualuithe is infheidhme maidir leis na liúntais sin.

1 2 2 2 Liúntais don fhoireann ar foirceannadh a seirbhís agus scéim scoir speisialta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe a leanas:

— liúntais is iníoctha faoi na Rialacháin Foirne nó faoi Rialachán (CEGC, CEE, Euratom) Uimh. 3518/85,

— ranníocaíocht an fhostóra le hárachas breoiteachta do na daoine a bheidh ag fáil na liúntas,

— tionchar na n-ualuithe tuarastail is infheidhme maidir leis na liúntais éagsúla.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 64 agus Airteagal 72 díobh.

Rialachán (CEGC, CEE, Euratom) Uimh. 3518/85 ón gComhairle an 12 Nollaig 1985 lena dtugtar isteach bearta speisialta chun seirbhís oifigigh na gComhphobal Eorpach a fhoirceannadh de thoradh aontachas na Spáinne agus na Portaingéile (IO L 335, 13.12.1985, lch. 56).

***1 2 9*** ***Leithreasú sealadach***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdófar leis an leithreasú seo na héifeachtaí a bheadh ag aon choigeartuithe tuarastail arna gcinneadh i rith na bliana airgeadais.

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH** *(Ar lean.)*

***1 2 9*** *(Ar lean.)*

Is leithreasú sealadach é an leithreasú seo agus ní fhéadfar é a úsáid ach amháin tar éis a aistrithe go ceannteidil eile i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 65 agus 65a díobh agus Iarscríbhinn XI a ghabhann leo.

**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA**

***1 4 0*** ***Foireann eile agus daoine seachtracha***

1 4 0 0 Foireann eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 5 376 050 | 5 044 800 | 3 689 886,57 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdófar leis an leithreasú seo an caiteachas seo a leanas:

— luach saothair na mball foirne eile, lena n-áirítear ragobair, ina measc: gníomhairí ar conradh, gníomhairí eatramhacha agus comhairleoirí speisialta (de réir bhrí Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh), ranníocaíochtaí an fhostóra leis na scéimeanna éagsúla slándála sóisialta, liúntais teaghlaigh, liúntais easaoránachta agus liúntais taistil ón áit fostaíochta go dtí an tír thionscnaimh agus tionchar na n-ualuithe tuarastail is infheidhme maidir le luach saothair na mball foirne sin nó an liúntas maidir le foirceannadh an chonartha,

— táillí na mball foirne míochaine agus paraimhíochaine a íoctar faoi na socruithe maidir le seirbhísí a sholáthar agus, i gcásanna speisialta, fostú ball foirne gníomhaireachta,

— an ranníocaíocht fhéideartha, de réir acmhainní an bhuiséid, le costais bhonneagair agus eirgeanamaíocha na mball foirne eile arna dtabhú acu le linn cianoibre i gcomhréir leis an gcinneadh ó Choiste Eorpach na Réigiún maidir leis an gcóras oibre.

Meastar gurb é EUR 13 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA** *(Ar lean.)*

***1 4 0*** *(Ar lean.)*

1 4 0 2 Seirbhísí ateangaireachta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 4 037 744 | 4 167 080 | 3 070 593,34 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar sheirbhísí ateangaireachta ar an láthair nó lasmuigh di le haghaidh cruinnithe nó imeachtaí arna n-eagrú nó arna gcomheagrú ag Coiste Eorpach na Réigiún.

Cumhdófar leis costas na seirbhísí ateangaireachta a sholáthraíonn Ard-Stiúrthóireacht Ateangaireachta an Choimisiúin, Parlaimint na hEorpa agus soláthraithe seachtracha.

1 4 0 4 Tréimhsí oiliúna do chéimithe, deontais agus malartuithe oifigeach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 023 453 | 996 242 | 766 362,97 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe a leanas:

— caiteachas ar dheontais do thréimhsí oiliúna, speansais taistil le haghaidh oiliúnaithe agus caiteachas eile a eascraíonn as cinneadh na hinstitiúide maidir le scéimeanna oiliúna (amhail árachas tionóisce agus breoiteachta le linn a bhfanachta agus liúntais) agus gnéithe eile den chlár (amhail gníomhaíochtaí sonracha oiliúna agus imeachtaí atá dírithe ar oiliúnaithe amháin),

— caiteachas a eascraíonn as gluaiseachtaí foirne idir Coiste Eorpach na Réigiún agus an earnáil phoiblí sna Ballstáit nó i dtíortha eile atá sonraithe sna rialacha,

— an ranníocaíocht, ar scála teoranta, le tionscadail taighde a chur i gcrích i réimsí gníomhaíochta Choiste Eorpach na Réigiún a bhaineann ar shlí thábhachtach le lánpháirtiú na hEorpa.

1 4 0 5 Seirbhísí forlíontacha don tseirbhís cuntasaíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA** *(Ar lean.)*

***1 4 0*** *(Ar lean.)*

1 4 0 5 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar seirbhísí maidir le córais TF chuntasaíochta agus airgeadais a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus comhairle agus sainchomhairleoireacht i ndáil leis na córais sin.

1 4 0 8 Teidlíochtaí ar dhul isteach sa tseirbhís, de thoradh aistriú a dhéanamh agus ar fhágáil na seirbhíse, agus caiteachas eile ar sheirbhísí don fhoireann le linn a ngairmréime

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 46 650 | 45 700 | 41 325,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais do sheirbhísí a bhaineann le bunú agus íoc teidlíochtaí le hoifigigh agus le baill foirne shealadacha agus eile Choiste Eorpach na Réigiún. D'fhéadfaí a áireamh ar na seirbhísí sin seirbhísí a thairgeann Oifig an Choimisiúin um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla, rud a fheabhsóidh an comhar idirinstitiúideach agus a chruthóidh sochair de thoradh barainneachtaí scála, as a dtiocfaidh coigilteas. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh sna seirbhísí sin:

— aistriú ceart pinsin ón tír thionscnaimh agus chuici,

— ríomh ceart pinsin,

— bunú agus íoc liúntas athlonnaithe,

— bainistiú comhad a bhaineann le sochair dhífhostaíochta agus íoc sochar leo siúd atá cáilithe.

Tá sé beartaithe leis freisin go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le soláthar acmhainní daonna cothrománacha eile d'oifigigh, do bhaill foirne shealadacha agus eile Choiste Eorpach na Réigiún (agus dá dteaghlaigh) le linn a ngairmréime, amhail rochtain a thabhairt d'fhoireann Choiste Eorpach na Réigiún ar na gníomhaíochtaí arna n-eagrú ag Oifig Fáilte an Choimisiúin agus láimhseáil comhad tacaíochta riaracháin easaoránachta a bhaineann le Prótacal Uimh. 7 ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh.

I gcás ina dtéitear i muinín an tseachfhoinsithe chun próisis acmhainní daonna neamhstraitéiseacha eile ag a bhfuil tionchar airgid (amhail bunú ceart aonair de bhun fhorálacha Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne) a láimhseáil, cumhdófar an caiteachas gaolmhar leis an leithreasú seo freisin.

D'fhonn tuilleadh barainneachtaí scála a chruthú, déanfar na seirbhísí sin a sholáthar, de ghnáth, trí mheán comhar idirinstitiúideach feabhsaithe.

**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA** *(Ar lean.)*

***1 4 0*** *(Ar lean.)*

1 4 0 8 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

***1 4 2*** ***Seirbhísí seachtracha***

1 4 2 0 Seirbhísí forlíontacha don tseirbhís aistriúcháin agus uirlisí aistriúcháin agus uirlisí seachfhoinsithe

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 700 000 | 674 924 | 619 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar obair a dhéanann conraitheoirí seachtracha aistriúcháin: is faoi chreatchonarthaí a dhéantar saoraistriúchán go 24 theanga oifigiúla an Aontais agus go teangacha nach teangacha oifigiúla de chuid an Aontais iad, ach amháin i gcás teangacha áirithe nach teangacha de chuid an Aontais iad más rud é nach bhfuil aon nós imeachta den chineál céanna ann, chomh maith le gach uirlis aistriúcháin agus seachfhoinsithe.

Cumhdófar leis an mír seo freisin caiteachas ar aon obair a chuirtear de chúram ar Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh agus gach gníomhaíocht comhair idirinstitiúidigh i réimse na dteangacha.

1 4 2 2 Sainchúnamh a bhaineann le hobair chomhairliúcháin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 420 000 | 420 000 | 320 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíochtaí le saineolaithe na rapóirtéirí agus le cainteoirí ó shainréimsí éagsúla a ghlacann páirt sna gníomhaíochtaí arna n-eagrú nó arna gcomheagrú ag Coiste Eorpach na Réigiún, i gcomhréir leis na rialacháin lena rialaítear na speansais sin.

**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA** *(Ar lean.)*

### *1 4 9 Leithreasú sealadach*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdófar leis an leithreasú seo na héifeachtaí a bheadh ag aon choigeartuithe tuarastail arna gcinneadh i rith na bliana airgeadais.

Is leithreasú iomlán sealadach é an leithreasú seo agus ní fhéadfar é a úsáid ach amháin tar éis a aistrithe go ceannteidil eile i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 65 agus Airteagal 65a díobh agus Iarscríbhinn XI a ghabhann leo.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE A OIBRÍONN LEIS AN INSTITIÚID**

### *1 6 1 Caiteachas a bhaineann le bainistiú foirne*

1 6 1 0 Caiteachas ilghnéitheach ar earcaíocht

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 20 000 | 20 000 | 18 581,16 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais ilghnéitheacha a bhaineann le hearcaíocht amhail:

— caiteachas a bhaineann le comórtais oscailte agus inmheánacha a eagrú, le nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta le haghaidh na gcatagóirí foirne uile (oifigigh, gníomhairí sealadacha, gníomhairí ar conradh, comhairleoirí speisialta, saineolaithe náisiúnta ar iasacht), lena n-áirítear speansais taistil agus chothaithe le haghaidh iarratasóirí a gcuirfear cuireadh orthu trialacha ó bhéal nó i scríbhinn agus scrúduithe leighis a dhéanamh,

— caiteachas a bhaineann le hárachas na n-iarratasóirí thuasluaite,

— caiteachas a bhaineann le nósanna imeachta roghnúcháin le haghaidh poist bhainistíochta, na hionaid mheasúnaithe san áireamh,

— foilsiú fógraí folúntais nó earcaíochta sna meáin chuí.

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE A OIBRÍONN LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

***1 6 1*** *(Ar lean.)*

1 6 1 0 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 27 go 31 agus Airteagal 33 díobh agus Iarscríbhinn III a ghabhann leo.

Cinneadh 2002/620/CE ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iniúchóirí, ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, ó Choiste na Réigiún agus ón Ombudsman Eorpach an 25 Iúil 2002 lena mbunaítear Oifig Roghnaithe Foirne na gComhphobal Eorpach (IO L 197, 26.7.2002, lch. 53) agus Cinneadh 2002/621/CE ó Ardrúnaithe Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, ó Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, ó Ardrúnaithe na Cúirte Iniúchóirí, an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta agus Choiste na Réigiún agus ó Ionadaí an Ombudsman Eorpaigh an 25 Iúil 2002 maidir le heagrú agus feidhmiú Oifig Roghnaithe Foirne na gComhphobal Eorpach (IO L 197, 26.7.2002, lch. 56).

1 6 1 2 Oiliúint bhreise, athoiliúint agus faisnéis don fhoireann

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 352 400 | 330 000 | 326 092,05 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe a leanas:

— eagrú na hoiliúna agus an tacaíocht lóistíochta a theastaíonn ina comhair, lena n-áirítear cúrsaí teanga, arna n-eagrú go hinmheánach, arna dtairiscint ar bhonn idirinstitiúideach nó arna soláthar ag geallsealbhóirí seachtracha,

— eagrú seimineár foirne nó bainistíochta,

— sealbhú saineolais sheachtraigh i réimse na bainistíochta acmhainní daonna,

— forbairt agus cur in úsáid uirlisí forbartha pearsanta, gairmiúla nó eagraíochtúla d’oifigigh agus do bhaill foirne shealadacha agus eile Choiste Eorpach na Réigiún,

— caiteachas a bhaineann le ceannach nó táirgeadh ábhar múinteoireachta,

— eagrú cúrsaí oiliúna atá dírithe ar fheasacht a mhúscailt faoi ábhair a bhaineann le comhdheiseanna (comhionannas inscne, míchumas, éagsúlacht, etc.).

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 24a díobh.

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE A OIBRÍONN LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

### 1 6 2 *Misin*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 478 050 | 370 833 | 419 657,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar speansais iompair nó chóiríochta, íocaíocht na liúntas cothaithe laethúil, agus speansais eile dá bhforáiltear i dtreoir Choiste Eorpach na Réigiún maidir le misin, arna dtabhú ag baill foirne agus misean gearrthéarmach nó fadtéarmach á dhéanamh acu.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 71 díobh agus Airteagail 11, 12 agus 13 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leo.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

### 1 6 3 *Gníomhaíochtaí a bhaineann le gach duine a oibríonn leis an institiúid*

1 6 3 0 Leas sóisialta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 20 400 | 20 400 | 10 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe a leanas:

- mar chuid de bheartas idirinstitiúideach chun cuidiú le daoine faoi mhíchumas sna catagóirí seo a leanas:
  - oifigigh agus baill foirne shealadacha nó ar conradh atá i bhfostaíocht ghníomhach,
  - céilí oifigeach agus ball foirne sealadach nó ar conradh atá i bhfostaíocht ghníomhach,
  - leanaí cleithiúnacha de réir bhrí na Rialachán Foirne,
- faoi réir na n-uasteorainneacha buiséadacha agus a luaithe a bheidh aon teidlíochtaí náisiúnta a deonaíodh sa tír chónaithe nó sa tír thionscnaimh ídithe, an aisíocaíocht ar chaiteachas neamhleighis a mheastar a bheith riachtanach, ar de thoradh míchumais é agus a bhfuil bunús cuí leis, agus nach gcumhdaítear leis an gComhscéim Árachais Breoiteachta,
- gníomhaíocht arna déanamh i ndáil le baill aonair d'fhoireann an Aontais i gcásanna an-deacair.

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE A OIBRÍONN LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

***1 6 3*** *(Ar lean.)*

1 6 3 0 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 76 díobh (lena n-áirítear na forálacha comhfhreagracha d'Airteagal 30 agus d'Airteagal 98 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh).

1 6 3 2 Beartas sóisialta inmheánach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 31 000 | 31 000 | 8 152,51 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go ndéanfar comhghníomhaíochtaí sóisialta a fhorbairt do bhaill foirne (agus dá dteaghlaigh) agus scéimeanna a spreagadh maille le tacaíocht airgeadais a sholáthar dóibh, ar scéimeanna iad atá dírithe ar theagmháil shóisialta a chur chun cinn idir baill foirne ar de náisiúntachtaí éagsúla iad (lena n-áirítear baill foirne na gconraitheoirí seachtracha a fhostaítear go rialta ar áitribh an Choiste), mar shampla fóirdheontais do chlubanna foirne, do chumainn spóirt agus do chumainn chultúrtha.

Cumhdaítear leis freisin maoiniú deontais don Choiste Foirne, caiteachas teagmhasach le haghaidh gníomhaíochtaí sóisialta don fhoireann agus ranníocaíocht Choiste Eorpach na Réigiún le gníomhaíochtaí sóisialta, spóirt, oideachais agus cultúrtha an Lárionaid Idirinstitiúidigh Eorpaigh in Overijse.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin gníomhaíochtaí Choiste Eorpach na Réigiún a mhaoiniú chun tacú le freagracht shóisialta chorparáideach, le forbairt inbhuanaithe nó le comhdheiseanna, agus chun cabhair do bhaill foirne seachas cabhair atá inmhuirearaithe ar airteagail eile sa chaibidil seo a chumhdach.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 9(3), Airteagal 10b agus Airteagal 24b díobh.

1 6 3 3 Comaitéireacht inbhuanaithe na mball foirne

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 61 500 | 61 500 | 41 500,— |

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE A OIBRÍONN LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

***1 6 3*** *(Ar lean.)*

1 6 3 3 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdófar leis an leithreasú seo caiteachas a bhaineann leis na bearta dá bhforáiltear sa phlean soghluaisteachta chun an úsáid a bhaineann baill foirne as modhanna iompair inbhuanaithe chun críoch comaitéireachta a chothú (amhail tacaíocht ar mhaithe le húsáid an iompair phoiblí nó modhanna iompair inbhuanaithe eile a chur chun cinn, fáil agus cothabháil rothar seirbhíse nó trealaimh iompair choibhéisigh, eagrú imeachtaí ardaithe feasachta, etc.). Féadfar a áireamh ar na bearta sin dreasachtaí airgeadais do bhaill foirne a ghabhann orthu féin modhanna iompair inbhuanaithe a úsáid (i gcomhthéacs scéime aisíocaíochta, trí bhíthin comhaontuithe 'tríú íocóir' le soláthraithe iompair phoiblí agus comhlachtaí comhchosúla, i bhfoirm liúntais soghluaisteachta arna thabhairt do bhaill foirne a stopann d'úsáid rialta a bhaint as an gcarrchlós nó in aon chás eile a mheastar a bheith iomchuí).

1 6 3 4 An tSeirbhís liachta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 124 525 | 124 525 | 114 525,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo costais oibriúcháin na seirbhíse liachta sna sé ionad oibre a chumhdach, lena n-áirítear ceannach ábhar agus táirgí cógaisíochta, caiteachas ar sheiceálacha leighis choiscthigh (lena n-áirítear na costais a bhaineann le táillí saotharlainne seachfhoinsithe), caiteachas a eascraíonn as oibriú an Choiste Easláine agus caiteachas ar sheirbhísí a sholáthraíonn speisialtóirí leighis seachtracha a mheasann na hoifigigh leighis a bheith riachtanach.

Cumhdófar leis freisin caiteachas ar cheannach uirlisí oibre áirithe a mheastar a bheith riachtanach ar fhorais leighis agus caiteachas eile a dhéantar i gcomhthéacs bheartas sláinte coisicthí na hinstitiúide, lena n-áirítear feachtais feasachta foirne a eagrú faoi ábhair shóisialta leighis ar den leas coiteann iad, chomh maith le díriú ar rioscaí síceasóisialta a chosc ag an obair, ar an traochadh a chosc agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin, agus ar fhaisnéis chothúcháin a bharrfheabhsú.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar freisin costais aon seirbhísí liachta nach féidir a sholáthar go leormhaith ar bhonn inmheánach agus a dhéantar a sheachfhoinsiú, trí chomhar idirinstitiúideach feabhsaithe, b'fhéidir.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 59 díobh agus Airteagal 8 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leo.

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE A OIBRÍONN LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

***1 6 3*** *(Ar lean.)*

1 6 3 6 Bialanna agus ceaintíní

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas oibriúcháin bialainne agus caifitéire.

1 6 3 8 Ionad Luath-Óige agus naíolanna lae formheasta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 750 000 | 750 000 | 673 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ranníocaíochtaí Choiste Eorpach na Réigiún le costais na naíolann agus na n-ionad cúraim lae eile agus na n-ionad iarscoile eile a oibríonn nó atá formheasta ag institiúidí an Aontais, agus aon chaiteachas eile a chruthaítear chun críoch saoráide cúraim leanaí.

***1 6 4*** ***Ranníocaíocht le Scoileanna Eorpacha creidiúnaithe***

1 6 4 0 Ranníocaíocht le Scoileanna Eorpacha creidiúnaithe de Chineál II

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ranníocaíocht Choiste Eorpach na Réigiún le Scoileanna Eorpacha de Chineál II atá creidiúnaithe ag Bord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha nó an ranníocaíocht le Scoileanna Eorpacha de Chineál II atá creidiúnaithe ag Bord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha nach mór a aisíoc leis an gCoimisiún, ranníocaíocht a d'íoc sé in ainm agus thar ceann an Choiste agus atá bunaithe ar an gcomhaontú Sainordúcháin agus Seirbhíse a síníodh leis an gCoimisiún. Cumhdófar leis freisin an costas a bhaineann le páistí fhoireann an Choiste atá cláraithe i Scoil Eorpach de Chineál II.

COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN

## TEIDEAL 2

## FOIRGNIMH, TROSCÁN, TREALAMH AGUS CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN ILGHNÉITHEACH

### CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 2 0 | | | | |
| **2 0 0** | ***Foirgnimh agus costais ghaolmhara*** | | | | |
| 2 0 0 0 | Cíos | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 834 628 | 767 894 | 1 894 621,87 | 227 |
| 2 0 0 1 | Íocaíochtaí léasa bliantúla | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 10 664 236 | 10 628 619 | 9 798 847,05 | 91,89 |
| 2 0 0 3 | Fáil maoine dochorraithe | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 2 0 0 5 | Tógáil foirgneamh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 2 0 0 7 | Feistiú áitreabh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 768 852 | 768 852 | 880 992,50 | 114,59 |
| 2 0 0 8 | Caiteachas eile ar fhoirgnimh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 292 315 | 292 315 | 2 362,— | 0,81 |
| 2 0 0 9 | Leithreasú sealadach chun infheistíochtaí maoine na hinstitiúide a chumhdach | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 2 0 0 — IOMLÁN* | 12 560 031 | 12 457 680 | 12 576 823,42 | 100,13 |
| **2 0 2** | ***Caiteachas eile ar fhoirgnimh*** | | | | |
| 2 0 2 2 | Glanadh agus cothabháil | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 801 284 | 2 552 570 | 2 444 598,84 | 87,27 |
| 2 0 2 4 | Tomhaltas fuinnimh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 626 729 | 674 229 | 1 915 518,— | 305,64 |
| 2 0 2 6 | Slándáil foirgneamh agus faireachas orthu | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 141 831 | 1 876 021 | 1 903 838,— | 88,89 |

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS TROSCÁN: CEANNACH, FRUILIÚ AGUS COTHABHÁIL**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **2 0 2** | *(Ar lean.)* | | | | |
| 2 0 2 8 | Árachas | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 87 321 | 72 643 | 74 900,— | 85,78 |
| | *Airteagal 2 0 2 — IOMLÁN* | 5 657 165 | 5 175 463 | 6 338 854,84 | 112,05 |
| | CAIBIDIL 2 0 — IOMLÁN | 18 217 196 | 17 633 143 | 18 915 678,26 | 103,83 |
| | CAIBIDIL 2 1 | | | | |
| **2 1 0** | ***Trealamh, costais oibriúcháin agus seirbhísí a bhaineann le próiseáil sonraí agus teileachumarsáid*** | | | | |
| 2 1 0 0 | Ceannach, seirbhísiú agus cothabháil trealaimh agus bogearraí, agus obair ghaolmhar | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 054 977 | 1 854 740 | 1 911 991,— | 93,04 |
| 2 1 0 2 | Cúnamh seachtrach chun córais bogearraí a oibriú, a fhorbairt agus a chothabháil | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 649 131 | 3 561 487 | 3 841 612,34 | 105,27 |
| 2 1 0 3 | Teileachumarsáid | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 242 893 | 238 355 | 144 661,19 | 59,56 |
| | *Airteagal 2 1 0 — IOMLÁN* | 5 947 001 | 5 654 582 | 5 898 264,53 | 99,18 |
| **2 1 2** | ***Troscán*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 118 081 | 128 910 | 111 181,40 | 94,16 |
| **2 1 4** | ***Trealamh teicniúil agus suiteálacha teicniúla*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 324 150 | 1 321 628 | 1 395 428,72 | 105,38 |
| **2 1 6** | ***Feithiclí*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 75 000 | 66 151 | 50 733,06 | 67,64 |
| | CAIBIDIL 2 1 — IOMLÁN | 7 464 232 | 7 171 271 | 7 455 607,71 | 99,88 |

**CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN**
**CAIBIDIL 2 5 — CRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 2 3 | | | | |
| **2 3 0** | ***Stáiseanóireacht, soláthairtí oifige agus tomhaltáin ilghnéitheacha*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 107 955 | 111 131 | 89 234,— | 82,66 |
| **2 3 1** | ***Muirir airgeadais*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 500 | 1 500 | 1 500,— | 100 |
| **2 3 2** | ***Costais dhlíthiúla agus damáistí*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 30 000 | 30 000 | 30 000,— | 100 |
| **2 3 6** | ***Postas ar chomhfhreagras agus muirir sheachadta*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 55 500 | 55 500 | 48 200,— | 86,85 |
| **2 3 8** | ***Caiteachas riaracháin eile*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 130 003 | 140 883 | 138 196,67 | 106,30 |
| **2 3 9** | ***Gníomhaíochtaí EMAS, lena n-áirítear gníomhaíochtaí cur chun cinn, agus an scéim fritháirithe carbóin*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 25 400 | 25 400 | 14 868,— | 58,54 |
| | CAIBIDIL 2 3 — IOMLÁN | 350 358 | 364 414 | 321 998,67 | 91,91 |
| | CAIBIDIL 2 5 | | | | |
| **2 5 4** | ***Cruinnithe, comhdhálacha, seimineáir agus imeachtaí eile*** | | | | |
| 2 5 4 0 | Costais na gcruinnithe arna n-eagrú sa Bhruiséil | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 164 100 | 156 903 | 103 957,23 | 63,35 |
| 2 5 4 1 | Tríú páirtithe | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 328 017 | 328 017 | 253 723,— | 77,35 |
| 2 5 4 4 | Tacaíocht do líonraí agus d'fhóraim | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | | 0,— | |
| 2 5 4 6 | Speansais ionadaíochta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 141 212 | 141 212 | 147 920,32 | 104,75 |
| | *Airteagal 2 5 4 — IOMLÁN* | 633 329 | 626 132 | 505 600,55 | 79,83 |
| | CAIBIDIL 2 5 — IOMLÁN | 633 329 | 626 132 | 505 600,55 | 79,83 |

**CAIBIDIL 2 6 — SAINEOLAS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS DÁILEADH**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 2 6 | | | | |
| **2 6 0** | ***Cumarsáid agus foilseacháin*** | | | | |
| 2 6 0 0 | Caidreamh leis an bpreas agus tacaíocht chlosamhairc | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 804 339 | 874 339 | 794 293,05 | 98,75 |
| 2 6 0 1 | Buansásra idirphlé | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 482 512 | 482 512 | 438 411,76 | 90,86 |
| 2 6 0 2 | Ábhar digiteach agus na meáin shóisialta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 991 056 | 991 056 | 1 098 527,42 | 110,84 |
| 2 6 0 3 | Comhairleoirí AE | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 2 6 0 4 | Iris Oifigiúil | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 2 6 0 — IOMLÁN* | 2 277 907 | 2 347 907 | 2 331 232,23 | 102,34 |
| **2 6 2** | ***Doiciméid a fháil agus a chartlannú*** | | | | |
| 2 6 2 0 | Saineolas seachtrach, staidéir, faireachán ar bheartais agus tuairisciú | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 500 000 | 479 176 | 474 275,— | 94,86 |
| 2 6 2 2 | Caiteachas doiciméadúcháin agus leabharlainne | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 219 247 | 218 987 | 102 805,02 | 46,89 |
| 2 6 2 4 | Caiteachas ar acmhainní cartlainne | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 162 965 | 140 690 | 140 525,— | 86,23 |
| | *Airteagal 2 6 2 — IOMLÁN* | 882 212 | 838 853 | 717 605,02 | 81,34 |
| **2 6 4** | ***Gníomhaíochtaí cumarsáide ghrúpaí polaitiúla Choiste Eorpach na Réigiún*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 400 000 | 396 234 | 369 426,66 | 92,36 |
| | CAIBIDIL 2 6 — IOMLÁN | 3 560 119 | 3 582 994 | 3 418 263,91 | 96,02 |
| | **Teideal 2 — IOMLÁN** | **30 225 234** | **29 377 954** | **30 617 149,10** | **101,30** |

COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN

# TEIDEAL 2

# FOIRGNIMH, TROSCÁN, TREALAMH AGUS CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN ILGHNÉITHEACH

*Barúlacha*

In 2022, faoi Theideal 2, bhí na leithreasuithe tosaigh le haghaidh chomhsheirbhísí an dá Choiste cothrom le EUR 30 419 663 i gcás Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le EUR 22 867 151 i gcás Choiste Eorpach na Réigiún.

## CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

### 2 0 0 *Foirgnimh agus costais ghaolmhara*

2 0 0 0 Cíos

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 834 628 | 767 894 | 1 894 621,87 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar cíos ar fhoirgnimh maille le muirir chíosa le haghaidh ionaid chruinnithe atá lonnaithe i bhfoirgnimh nach bhfuil in úsáid ag Coiste Eorpach na Réigiún ar bhonn buan.

2 0 0 1 Íocaíochtaí léasa bliantúla

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 10 664 236 | 10 628 619 | 9 798 847,05 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíochtaí léasa bliantúla agus caiteachas eile dá samhail atá le híoc ag an institiúid maidir lena hoibleagáidí léasa/ceannaigh.

2 0 0 3 Fáil maoine dochorraithe

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA** *(Ar lean.)*

***2 0 0*** *(Ar lean.)*

2 0 0 3 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ceannach na n-áitreabh. Déileálfar le fóirdheontais talún agus lena seirbhísiú i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

2 0 0 5 Tógáil foirgneamh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go n-áiritheofar leis an mír seo leithreasú a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh tógáil foirgneamh.

2 0 0 7 Feistiú áitreabh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 768 852 | 768 852 | 880 992,50 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar feidhmíocht na hoibre feistiúcháin, lena n-áirítear obair athchóiriúcháin (e.g. tomhaltas fuinnimh a laghdú faoin Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS)) agus obair shonrach amhail cáblú, slándáil agus obair a bhaineann le bialanna, chomh maith le caiteachas eile a bhaineann le hobair den sórt sin, go háirithe táillí ailtirí agus innealtóirí chomh maith le haon staidéir theicniúla nó eile is gá a dhéanamh.

2 0 0 8 Caiteachas eile ar fhoirgnimh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 292 315 | 292 315 | 2 362,— |

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA** *(Ar lean.)*

***2 0 0*** *(Ar lean.)*

2 0 0 8 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoirgnimh nach bhforáiltear go sonrach dó sna hairteagail eile sa chaibidil seo, go háirithe:

— seirbhísí sainchomhairleoireachta innealtóireachta agus ailtireachta i ndáil le tionscadail ar fheistiú áitreabh agus táillí dlí a bhaineann leis an 'rogha chun iad a cheannach' i gcás foirgneamh,

— seirbhísí sainchomhairleoireachta EMAS,

— staidéir eile le haghaidh tionscadail tógála.

2 0 0 9 Leithreasú sealadach chun infheistíochtaí maoine na hinstitiúide a chumhdach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar aon infheistiú i maoin a dhéanann an institiúid.

Is leithreasú iomlán sealadach é an leithreasú seo agus ní fhéadfar é a úsáid ach amháin tar éis a aistrithe go ceannteidil eile i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

***2 0 2*** ***Caiteachas eile ar fhoirgnimh***

2 0 2 2 Glanadh agus cothabháil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 801 284 | 2 552 570 | 2 444 598,84 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas a bhaineann le glanadh agus cothabháil áitreabh, ardaitheoirí, córas téimh agus aerchóiriúcháin agus doirse dóiteáin, chomh maith le díothú francach, le hathphéinteáil agus le hobair dheisiúcháin, agus leis an gcuma sheachtrach ar fhoirgnimh agus ar a dtimpeallacht a chothabháil, lena n-áirítear costas staidéar, anailísí, údaruithe agus comhlíonadh chaighdeáin agus rialuithe EMAS.

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA** *(Ar lean.)*

***2 0 2*** *(Ar lean.)*

2 0 2 4 Tomhaltas fuinnimh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 626 729 | 674 229 | 1 915 518,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar go háirithe costais uisce, gháis agus leictreachais agus costais eile fuinnimh.

2 0 2 6 Slándáil foirgneamh agus faireachas orthu

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 141 831 | 1 876 021 | 1 903 838,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais na foirne a dhéanann cúraimí slándála agus faireachais i leith comhaltaí, ball foirne agus foirgneamh.

2 0 2 8 Árachas

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 87 321 | 72 643 | 74 900,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíochtaí i leith préimheanna pholasaithe árachais Choiste Eorpach na Réigiún agus, nuair is iomchuí, an saincheadúnas i gcás timpistí (nuair is lú na costais a thabhaítear ná an saincheadúnas, féadfar na costais sin a íoc go díreach leis an éilitheoir lena mbaineann freisin).

**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS TROSCÁN: CEANNACH, FRUILIÚ AGUS COTHABHÁIL**

***2 1 0 Trealamh, costais oibriúcháin agus seirbhísí a bhaineann le próiseáil sonraí agus teileachumarsáid***

2 1 0 0 Ceannach, seirbhísiú agus cothabháil trealaimh agus bogearraí, agus obair ghaolmhar

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 054 977 | 1 854 740 | 1 911 991,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar cheannach, fruiliú, seirbhísiú, cumraíocht agus cothabháil trealaimh agus bogearraí don institiúid, agus obair ghaolmhar.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar freisin na costais a bhaineann le comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse arna síniú le hinstitiúidí an Aontais (e.g. chun córais faisnéise a úsáid, go háirithe i gcás an Choimisiúin le haghaidh Sysper, EU Learn, ABAC, Sermed agus feidhmchláir ghaolmhara eile) agus athshonrascú seirbhísí eile (go háirithe le haghaidh soláthar TF).

2 1 0 2 Cúnamh seachtrach chun córais bogearraí a oibriú, a fhorbairt agus a chothabháil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 649 131 | 3 561 487 | 3 841 612,34 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas a bhaineann le cúnamh seachtrach ó bhiúrónna seirbhíse agus ó shainchomhairleoirí próiseála sonraí i dtaca le hoibriú an ionaid próiseála sonraí agus an líonra, le córais faisnéise a tháirgeadh, a fhorbairt agus a chothabháil, le tacaíocht d'úsáideoirí, lena n-áirítear comhaltaí, le staidéir a dhéanamh, agus le doiciméadacht theicniúil a dhréachtú agus a ionchur.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar freisin na costais a bhaineann le forbairt agus cothabháil na gcóras faisnéise a bhaineann go sonrach le Coiste Eorpach na Réigiún.

2 1 0 3 Teileachumarsáid

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 242 893 | 238 355 | 144 661,19 |

**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS TROSCÁN: CEANNACH, FRUILIÚ AGUS COTHABHÁIL** *(Ar lean.)*

***2 1 0*** *(Ar lean.)*

2 1 0 3 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdófar leis an leithreasú seo síntiúis agus muirir teileachumarsáide sreangaithe agus gan sreang (teileafónaíocht líne fosaithe agus mhóibíleach, teilifís), chomh maith le costais arna dtabhú i dtaca le líonraí tarchurtha sonraí agus seirbhísí teileamaitice.

Meastar gurb é EUR 10 000 méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

***2 1 2*** ***Troscán***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 118 081 | 128 910 | 111 181,40 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ceannach, fruiliú, cothabháil agus deisiú troscáin, lena n-áirítear troscán eirgeanamaíochta a cheannach agus troscán seanchaite agus troscán briste a athsholáthar.

I dtaca le saothair ealaíne, tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas a bhaineann le hábhar sonrach a fháil agus a cheannach mar aon leis an gcaiteachas reatha a bhaineann leis, lena n-áirítear frámú, athchóiriú, glanadh, árachas agus costais iompair *ad hoc*.

***2 1 4*** ***Trealamh teicniúil agus suiteálacha teicniúla***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 324 150 | 1 321 628 | 1 395 428,72 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ceannach, fruiliú, cothabháil agus deisiú trealaimh theicniúil agus suiteálacha teicniúla le haghaidh Choiste Eorpach na Réigiún, go háirithe sna réimsí seo a leanas:

— trealamh teicniúil éagsúil agus suiteálacha teicniúla éagsúla, de chineál seasta agus soghluaiste, a bhaineann le foilsiú, cartlannú, slándáil, ceaintíní agus foirgnimh, etc.,

**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS TROSCÁN: CEANNACH, FRUILIÚ AGUS COTHABHÁIL** *(Ar lean.)*

**2 1 4** *(Ar lean.)*

— trealamh go háirithe don siopa clódóireachta, na cartlanna, seirbhís teileafóin, ceaintíní, siopaí foirne, slándáil, comhdhálacha, an earnáil closamhairc, etc.,

— trealamh teicniúil agus suiteálacha teicniúla na seomraí cruinnithe agus comhdhála inmheánacha nó seachtracha.

**2 1 6** ***Feithiclí***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 75 000 | 66 151 | 50 733,06 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ceannach, cothabháil, úsáid agus deisiú feithiclí (flít gluaisteán agus rothar) agus fruiliú gluaisteán, tacsaithe, cóistí agus leoraithe, bíodh tiománaithe á dtiomáint nó ná bíodh, lena n-áirítear an cumhdach árachais is gá.

**CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN**

**2 3 0** ***Stáiseanóireacht, soláthairtí oifige agus tomhaltáin ilghnéitheacha***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 107 955 | 111 131 | 89 234,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na costais a bhaineann le ceannach páipéir, clúdach litreach, soláthairtí oifige nó soláthairtí a bhaineann le cruinnithe, táirgí a theastaíonn ó na siopaí clódóireachta agus dúblála, chomh maith leis na costais a bhaineann le obair sheachtrach chlódóireachta áirithe arna déanamh thar ceann Choiste Eorpach na Réigiún.

**2 3 1** ***Muirir airgeadais***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 500 | 1 500 | 1 500,— |

**CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

**2 3 1** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar muirir bhainc (coimisiúin, táillí malairte airgeadraí agus muirir ilghnéitheacha) agus muirir airgeadais eile, lena n-áirítear costais choimhdeacha chun foirgnimh a mhaoiniú.

**2 3 2** ***Costais dhlíthiúla agus damáistí***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 30 000 | 30 000 | 30 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe a leanas:

— na costais go léir a eascraíonn as rannpháirtíocht Choiste Eorpach na Réigiún i gcásanna a thugtar os comhair chúirteanna an Aontais agus na gcúirteanna náisiúnta, an costas a bhaineann le seirbhísí dlíthiúla, le saothair dhlí agus trealamh dlí a cheannach, chomh maith le haon speansas eile dlí, cúirte nó lasmuigh den chúirt,

— damáistí, ús agus speansais choimhdeacha a bhaineann le cásanna cúirte nó cásanna lasmuigh den chúirt.

**2 3 6** ***Postas ar chomhfhreagras agus muirir sheachadta***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 55 500 | 55 500 | 48 200,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na muirir phostais, phróiseála agus sheachadta arna ngearradh ag na seirbhísí poist nó ag gnólachtaí mearsheachadta.

**2 3 8** ***Caiteachas riaracháin eile***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 130 003 | 140 883 | 138 196,67 |

**CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN** *(Ar lean.)*

**2 3 8** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe a leanas:

— árachas nach bhforáiltear dó go sonrach i mír eile,

— ceannach agus cothabháil éide d'uiséirí, tiománaithe, pearsanra aistrithe troscáin agus lucht na seirbhísí liachta, na seirbhísí slándála agus seirbhísí teicniúla éagsúla de chuid Choiste Eorpach na Réigiún,

— gach costas aistrithe agus láimhseála maille leis na costais sin a thabhaítear de bharr úsáid a bhaint as comhlachtaí aistrithe nó as gníomhairí láimhseála eatramhacha,

— costais ilghnéitheacha oibriúcháin, amhail maisiúcháin agus tabhartais.

**2 3 9** ***Gníomhaíochtaí EMAS, lena n-áirítear gníomhaíochtaí cur chun cinn, agus an scéim fritháirithe carbóin***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 25 400 | 25 400 | 14 868,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí EMAS atá dírithe ar fheidhmíocht chomhshaoil Choiste Eorpach na Réigiún a fheabhsú, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a chur chun cinn, agus scéim fritháirithe carbóin an Choiste.

**CAIBIDIL 2 5 — CRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA**

**2 5 4** ***Cruinnithe, comhdhálacha, seimineáir agus imeachtaí eile***

2 5 4 0 Costais na gcruinnithe arna n-eagrú sa Bhruiséil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 164 100 | 156 903 | 103 957,23 |

**CAIBIDIL 2 5 — CRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA** *(Ar lean.)*

***2 5 4*** *(Ar lean.)*

2 5 4 0 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas a bhaineann le huisce, caife agus tae a chur ar fáil do na hateangairí agus do na rannpháirtithe le linn cruinnithe reachtúla agus gníomhaíochtaí téamacha eile a eagraítear in áitreabh Choiste Eorpach na Réigiún agus le linn na seisiún iomlánach nó cruinnithe nóimeachtaí eile a eagraítear sa Bhruiséil. Uaireanta, cumhdaítear leis an leithreasú seo freisin smailceacha nó béilí oibre ag cruinnithe inmheánacha faoi na coinníollacha atá leagtha síos ag an Ardrúnaí. Ina theannta sin, foráiltear leis an leithreasú seo buiséad teoranta a chur ar fáil do cabinet an Uachtaráin, do cabinet an Ardrúnaí agus do rúnaíochtaí na ngrúpaí polaitiúla chun caife, tae agus deochanna eile a cheannach le tabhairt do chuairteoirí seachtracha.

2 5 4 1 Tríú páirtithe

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 328 017 | 328 017 | 253 723,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíocht speansas taistil agus liúntas cothaithe in aghaidh na tréimhse fanachta le tríú páirtithe a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí Choiste Eorpach na Réigiún. I gcorrchás, tá sé beartaithe leis an leithreasú seo freisin go gcumhdófar na speansais taistil agus na liúntais chothaithe le haghaidh tríú páirtithe de chuid ARLEM agus CORLEAP a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí nach bhfuil á n-eagrú ag an gCoiste, i gcomhréir leis na rialacháin is infheidhme.

2 5 4 4 Tacaíocht do líonraí agus d'fhóraim

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | | 0,— |

*Barúlacha*

Tá an ítim seo beartaithe chun costais de chineál nua a chumhdach, ar costais iad a eascraíonn as tacaíocht a thabhairt do líonraí agus d'fhóraim, mar atá:

— ranníocaíochtaí cnapshuime le líonra RegHub (d'fhonn saineolaithe a dhreasú chun a gcuid saineolais a thabhairt maille le gníomhaíochtaí for-rochtana na líonraí sin atá dírithe ar gheallsealbhóirí áitiúla a dhreasú);

— dearbháin do pholaiteoirí áitiúla agus réigiúnacha san Aontais chun freastal ar scéim oiliúna faoi ghnóthaí an Aontais mar chuid den tionscadal 'ERASMUS do na hionadaithe áitiúla agus réigiúnacha'.

**CAIBIDIL 2 5 — CRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA** *(Ar lean.)*

**2 5 4** *(Ar lean.)*

2 5 4 6 Speansais ionadaíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 141 212 | 141 212 | 147 920,32 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar speansais a bhaineann le hoibleagáidí Choiste Eorpach na Réigiún maidir le hionadaíocht i gcomhréir leis an rialachán is infheidhme.

Cumhdaítear leis freisin costais ionadaíochta comhaltaí áirithe nó ball foirne áirithe atá ag gníomhú thar ceann an Choiste.

**CAIBIDIL 2 6 — SAINEOLAS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS DÁILEADH**

**2 6 0** ***Cumarsáid agus foilseacháin***

2 6 0 0 Caidreamh leis an bpreas agus tacaíocht chlosamhairc

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 804 339 | 874 339 | 794 293,05 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costais na nithe seo a leanas:

— taisteal na n-iriseoirí áitiúla agus réigiúnacha, agus a n óstáil sa Bhruiséil nó i suíomhanna díláraithe le linn chruinnithe Choiste Eorpach na Réigiún agus le linn imeachtaí arna n-eagrú aige,

— caidreamh leis an bpreas agus leis na meáin, lena n áirítear an preas closamhairc, agus comhpháirtíochtaí leis na meáin a chuireann ar a chumas don Choiste tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a ghníomhaíochtaí cumarsáide lasmuigh de bholgán na Bruiséile,

— léiriú closamhairc le haghaidh spriocghrúpaí inmheánacha agus seachtracha,

— costais phearsanra a bhaineann le comhpháirtíochtaí leis na meáin agus léiriú closamhairc a láimhseáil,

— faireachán agus tomhas a dhéanamh ar thionchar ghníomhaíochtaí uile an Choiste leis an bpreas agus leis na meáin, lena n áirítear costais phearsanra.

2 6 0 1 Buansásra idirphlé

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 482 512 | 482 512 | 438 411,76 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdófar leis an leithreasú seo speansais, lena n-áirítear speansais ionadaíochta agus lóistíochtúla le haghaidh na nithe seo a leanas:

— leas a bhaint as idirphlé áitiúil arna reáchtáil ag polaiteoirí réigiúnacha agus áitiúla mar chuid den obair leantach a ghabhann leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, lena n-áiritheofar nasc idir an leibhéal áitiúil agus an leibhéal réigiúnach ar thaobh amháin agus an fóram ar leibhéal an Aontais agus painéil na saoránach ar an taobh eile,

— malartú dea-chleachtas i measc polaiteoirí áitiúla agus réigiúnacha i ndáil le próisis rannpháirtíochta faoina dtabharfar ról do na saoránaigh sa chinnteoireacht. Áirítear leis sin cur leis an gcaighdeán cáilíochta nua sa chomhphlé leis na saoránaigh agus i gcruinnithe halla baile arna reáchtáil le linn na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa,

— tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gclár do Pholaiteoirí Óga Tofa ina mbeidh ceannairí óga faoi bhun 40 bliain d'aois rannpháirteach ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, i gcomhar le hinstitiúidí eile an Aontais, agus a mbeidh páirt ag na teaghlaigh pholaitiúla ar leibhéal an Aontais ann,

— Líonra Eorpach Chomhairleoirí Réigiúnacha agus Áitiúla an Aontais a fhorbairt, a cuireadh ar bun chun ról a thabhairt do pholaiteoirí a thoghtar ar an leibhéal fonáisiúnta in obair na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa agus san obair leantach a ghabhann léi,

— eagrú imeachtaí de chineál ginearálta nó sonrach ag Coiste Eorpach na Réigiún, ar imeachtaí iad atá dírithe ar obair pholaitiúil agus chomhairliúcháin an Choiste a chur chun cinn; bíonn na himeachtaí sin ar siúl sa Bhruiséil nó in áiteanna díláraithe, i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, de ghnáth, lena gcomhlachais siúd agus le hinstitiúidí eile an Aontais,

— rannpháirtíocht Choiste Eorpach na Réigiún i gcomhdhálacha, i gcollóiciaim, i seimineáir nó i siompóisiamaí arna n-eagrú ag tríú páirtithe (institiúidí eile de chuid an Aontais, údaráis áitiúla nó réigiúnacha, a gcomhlachais siúd, etc.).

2 6 0 2 Ábhar digiteach agus na meáin shóisialta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 991 056 | 991 056 | 1 098 527,42 |

**CAIBIDIL 2 6 — SAINEOLAS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS DÁILEADH** *(Ar lean.)*

***2 6 0*** *(Ar lean.)*

2 6 0 2 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdófar leis an leithreasú seo na costais a bhaineann le táirgeadh ábhair don ghréasán agus do na meáin shóisialta agus ábhair dhigitigh agus chlóite. Cumhdófar leis freisin costais a bhaineann le tionchar na ngníomhaíochtaí cumarsáide sin a thomhas.

Cumhdófar leis an leithreasú seo freisin, i measc nithe eile, digitiú breise foilseachán, feabhas a chur ar thionchar an ábhair atá le fáil ar na meáin shóisialta agus ar uirlisí faireacháin gréasáin, suíomh gréasáin Choiste Eorpach na Réigiún a chothabháil agus a fheabhsú chomh maith le roinnt gníomhaíochtaí nuálacha.

2 6 0 3 Comhairleoirí AE

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo oirchill na hoibre leantaí a dhéanfaidh Parlaimint na hEorpa ar an treoirthionscadal atá ann faoi láthair, ‘An Eoraip a Thógáil le heintitis áitiúla’.

Trí chomhaontú polaitiúil idir an Feisire Domènec Ruiz Devesa (tionscnóir an treoirthionscadail), Leasuachtarán de chuid an Choimisiúin Dubravka Šuica agus Uachtarán Choiste Eorpach na Réigiún, cuireadh an treoirthionscadal chun feidhme céim ar chéim leis an sprioc uaillmhianach cur chuige ‘AE’ gan uaim a leanúint i leith an mholta maidir le ‘Comhairleoirí AE’ a rinneadh faoi scáth na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa.

Ba cheart do Choiste Eorpach na Réigiún clár a mbeidh polaiteoirí áitiúla agus réigiúnacha rannpháirteach ann a chur chun feidhme ós é comhlacht inniúil an Aontais ina leith sin é.

2 6 0 4 Iris Oifigiúil

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na costais foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**CAIBIDIL 2 6 — SAINEOLAS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS DÁILEADH** *(Ar lean.)*

## 2 6 2 *Doiciméid a fháil agus a chartlannú*

### 2 6 2 0 Saineolas seachtrach, staidéir, faireachán ar bheartais agus tuairisciú

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 500 000 | 479 176 | 474 275,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe go gcumhdófar leis an leithreasú seo saineolas, staidéir, faireachán ar bheartais agus tuairisciú arna gcoimisiúnú chuig soláthraithe seachtracha, ina measc líonraí acadúla agus institiúidí taighde.

### 2 6 2 2 Caiteachas doiciméadúcháin agus leabharlainne

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 219 247 | 218 987 | 102 805,02 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe a leanas:

— leathnú agus athnuachan na roinne tagartha ginearálta agus uasdátú bhailiúchán leabharlann Choiste Eorpach na Réigiún,

— síntiúis le nuachtáin, tréimhseacháin, gníomhaireachtaí faisnéise, a bhfoilseacháin agus a seirbhísí ar líne, lena n-áirítear táillí cóipchirt chun na foilseacháin sin a chóipeáil agus a dháileadh i bhfoirm chlóite nó i bhfoirm leictreonach,

— síntiúis nó conarthaí seirbhíse chun achoimrí agus anailísí a sholáthar ar ábhar tréimhseachán nó chun ailt arna nglacadh ó thréimhseacháin den chineál sin a stóráil ar mheáin súl,

— na costais a bhaineann le bunachair sonraí sheachtracha dhoiciméadacha agus staidrimh a úsáid, gan trealamh teicneolaíochta faisnéise agus costais teileachumarsáide a chur san áireamh,

— costais a eascraíonn as oibleagáidí arna ngabháil air féin ag Coiste Eorpach na Réigiún faoi chuimsiú an chomhair idirnáisiúnta agus an chomhair idirinstitiúidigh,

— ceannach nó fruiliú trealaimh speisialta, lena n áirítear ábhair agus córais leictreacha, leictreonacha agus TF don leabharlann (i bhfoirm thraidisiúnta nó hibrideach) agus don ionad doiciméadúcháin, mar aon le seirbhísí seachtracha chun an trealamh agus na córais sin a fháil, a fhorbairt, a shuiteáil, a úsáid agus a chothabháil,

— costas na seirbhísí éagsúla a bhaineann le gníomhaíochtaí na leabharlainne, lena n áirítear na seirbhísí sin a sholáthraítear dá húsáideoirí (cuardaigh, anailísí), an córas bainistíochta cáilíochta, etc.,

**CAIBIDIL 2 6 — SAINEOLAS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS DÁILEADH** *(Ar lean.)*

**2 6 2** *(Ar lean.)*

2 6 2 2 *(Ar lean.)*

— costais na n-ábhar ceangail agus caomhnaithe, agus na hoibre a ghabhann leo, don leabharlann, don tseirbhís doiciméadúcháin agus don lárionad acmhainne ilmheán,

— ceannach foclóirí, gluaiseanna agus saothar tagartha eile do Stiúrthóireacht an Aistriúcháin nó do ranna eile den Choiste.

2 6 2 4 Caiteachas ar acmhainní cartlainne

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 162 965 | 140 690 | 140 525,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an costas a bhaineann le cartlannú seachtrach nó seirbhísí bainistithe doiciméad le haghaidh Choiste Eorpach na Réigiún, lena n áirítear sórtáil, comhdú agus athchomhdú, ionchódú nó clárú, etc. Cumhdaítear leis freisin costais seirbhísí cartlainne, sealbhú agus úsáid ábhar cartlainne ar mheáin chúltaca, chomh maith le ceannach, fruiliú agus cothabháil ábhar speisialta nó seirbhísí speisialta (bídís sin leictreach, leictreonach nó TF) agus costais foilsitheoireachta ar na meáin uile (bróisiúir, CD-ROManna etc.).

**2 6 4** ***Gníomhaíochtaí cumarsáide ghrúpaí polaitiúla Choiste Eorpach na Réigiún***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 400 000 | 396 234 | 369 426,66 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí polaitiúla agus faisnéise chomhaltaí Choiste Eorpach na Réigiún, agus a gcomhaltaí malartacha siúd, agus a sainordú Eorpach á fheidhmiú acu i gcomhréir leis an rialachán ábhartha:

— ról chomhaltaí Choiste Eorpach na Réigiún, agus ról a gcomhaltaí malartacha siúd, a chur chun cinn agus a fheabhsú trí bhíthin ghníomhaíochtaí a ngrúpaí polaitiúla,

— na saoránaigh a chur ar an eolas faoi ról Choiste Eorpach na Réigiún mar ionadaí institiúideach ar údaráis áitiúla agus réigiúnacha an Aontais Eorpaigh.

# TEIDEAL 10

# CAITEACHAS EILE

**CAIBIDIL 10 0 — LEITHREASUITHE SEALADACHA**
**CAIBIDIL 10 1 — CÚLCHISTE TEAGMHASACH**
**CAIBIDIL 10 2 — CÚLCHISTE LE HAGHAIDH SHEALBHÚ NA BHFOIRGNEAMH**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 10 0 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 10 0 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 10 1 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 10 1 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 10 2 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 10 2 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Teideal 10 — IOMLÁN** | **p.m.** | **p.m.** | **0,—** | |

# TEIDEAL 10

# CAITEACHAS EILE

## CAIBIDIL 10 0 — LEITHREASUITHE SEALADACHA

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Is leithreasú iomlán sealadach é an leithreasú seo agus ní fhéadfar é a úsáid ach amháin tar éis a aistrithe go caibidlí eile i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

## CAIBIDIL 10 1 — CÚLCHISTE TEAGMHASACH

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

## CAIBIDIL 10 2 — CÚLCHISTE LE HAGHAIDH SHEALBHÚ NA BHFOIRGNEAMH

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

# FOIREANN

## Coiste Eorpach na Réigiún

| Grúpa feidhme agus grád | 2024 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|
| | Poist bhuana | Poist shealadacha | Poist bhuana | Poist shealadacha |
| Gan chatagóir | — | 1 | — | 1 |
| AD 16 | — | — | — | — |
| AD 15 | 10 | — | 7 | — |
| AD 14 | 23 | 5 | 26 | 5 |
| AD 13 | 24 | — | 24 | — |
| AD 12 | 30 | 5 | 30 | 5 |
| AD 11 | 29 | 3 | 29 | 3 |
| AD 10 | 36 | 3 | 30 | 1 |
| AD 9 | 40 | 6 | 35 | 7 |
| AD 8 | 29 | 10 | 39 | 10 |
| AD 7 | 30 | 5 | 31 | 6 |
| AD 6 | 13 | 4 | 13 | 4 |
| AD 5 | 1 | — | 1 | — |
| Fo-iomlán AD | 265 | 41 | 265 | 41 |
| AST 11 | 5 | — | 5 | — |
| AST 10 | 5 | — | 5 | — |
| AST 9 | 17 | 1 | 17 | 1 |
| AST 8 | 19 | — | 19 | — |
| AST 7 | 28 | 4 | 28 | 3 |
| AST 6 | 30 | 2 | 29 | 2 |
| AST 5 | 36 | 6 | 37 | 6 |
| AST 4 | 18 | 2 | 18 | 3 |
| AST 3 | — | 2 | — | 1 |
| AST 2 | — | — | — | 1 |
| AST 1 | — | — | — | — |
| Fo-iomlán AST | 158 | 17 | 158 | 17 |
| AST/SC 6 | 1 | — | 1 | — |
| AST/SC 5 | 4 | — | 4 | — |
| AST/SC 4 | 3 | — | 3 | — |
| AST/SC 3 | 1 | — | 1 | — |
| AST/SC 2 | 5 | — | 5 | — |
| AST/SC 1 | — | — | — | — |
| Fo-iomlán AST/SC | 14 | — | 14 | — |
| **IOMLÁN** | **437** | **59** | **437** | **59** |
| **Comhiomlán** | **496** | | **496** | |

*ROINN VIII*

**AN tOMBUDSMAN EORPACH**

## IONCAM

### Ranníocaíocht an Aontais Eorpaigh le maoiniú chaiteachas an Ombudsman Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2024

| Ceannteideal | Méid |
|---|---|
| Caiteachas | 13 843 160 |
| Acmhainní dílse | – 1 749 224 |
| **Ranníocaíocht atá dlite** | **12 093 936** |

AN TOMBUDSMAN EORPACH

## IONCAM

## TEIDEAL 3

## IONCAM RIARACHÁIN

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN**
**CAIBIDIL 3 1 — IONCAM A BHAINEANN LE MAOIN**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 0 | | | | |
| **3 0 0** | ***Cánacha agus tobhaigh*** | | | | |
| 3 0 0 0 | Cáin ar an luach saothair | 844 937 | 762 468 | 696 155,— | 82,39 |
| 3 0 0 1 | Tobhaigh speisialta ar an luach saothair | 156 724 | 137 022 | 127 155,— | 81,13 |
| | *Airteagal 3 0 0 — Iomlán* | 1 001 661 | 899 490 | 823 310,— | 82,19 |
| **3 0 1** | ***Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin*** | | | | |
| 3 0 1 0 | Ranníocaíochtaí na foirne leis an scéim pinsin | 747 563 | 707 282 | 628 733,— | 84,10 |
| 3 0 1 1 | Cearta pinsin á n-aistriú nó á gceannach ag an bhfoireann | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 3 0 1 2 | Ranníocaíochtaí na foirne atá ar saoire leis an scéim pinsin | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 3 0 1 — Iomlán* | 747 563 | 707 282 | 628 733,— | 84,10 |
| | CAIBIDIL 3 0 — IOMLÁN | 1 749 224 | 1 606 772 | 1 452 043,— | 83,01 |
| | CAIBIDIL 3 1 | | | | |
| **3 1 0** | ***Díol maoine dochorraithe — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **3 1 1** | ***Díol maoine eile*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **3 1 2** | ***Ligean agus foligean maoine dochorraithe ar cíos — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 3 1 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |

**CAIBIDIL 3 2 — IONCAM Ó SHOLÁTHAR EARRAÍ, SEIRBHÍSÍ AGUS OIBRE — IONCAM SANNTA**
**CAIBIDIL 3 3 — IONCAM RIARACHÁIN EILE**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 2 | | | | |
| ***3 2 0*** | ***Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre — Ioncam sannta*** | | | | |
| 3 2 0 2 | Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre d'institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 3 2 0 — Iomlán* | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***3 2 1*** | ***Aisíocaíochtaí liúntas misean arna ndéanamh ag institiúidí nó comhlachtaí eile — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***3 2 2*** | ***Ioncam ó thríú páirtithe i ndáil le hearraí, seirbhísí nó obair — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 3 2 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 3 3 | | | | |
| ***3 3 0*** | ***Aisíoc méideanna a íocadh go mícheart — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***3 3 1*** | ***Ioncam le haghaidh cuspóir sonrach (ioncam ó fhondúireachtaí, fóirdheontais, bronntanais agus tiomnachtaí) – Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***3 3 3*** | ***Íocaíochtaí árachais a fuarthas — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***3 3 8*** | ***Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 1 372,— | |
| ***3 3 9*** | ***Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin*** | p.m. | p.m. | 997,— | |
| | CAIBIDIL 3 3 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 2 369,— | |
| | **Teideal 3 — Iomlán** | **1 749 224** | **1 606 772** | **1 454 412,—** | **83,15** |

AN TOMBUDSMAN EORPACH

## TEIDEAL 3

## IONCAM RIARACHÁIN

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN**

***3 0 0*** ***Cánacha agus tobhaigh***

3 0 0 0 Cáin ar an luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 844 937 | 762 468 | 696 155,— |

*Bunús dlí*

An Prótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 12 de.

Rialachán Uimh. 422/67/CEE, Uimh. 5/67/Euratom ón gComhairle an 25 Iúil 1967 lena socraítear díolaíochtaí Uachtarán agus Chomhaltaí an Choimisiúin agus Uachtarán, Bhreithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais agus Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta (IO 187, 8.8.1967, lch. 1).

Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 260/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos na coinníollacha agus an nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm na cánach chun sochar an Aontais Eorpaigh (IO L 56, 4.3.1968, lch. 8).

Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (IO L 113, 4.5.1994, lch. 15), agus go háirithe Airteagal 10(2) agus (3) de.

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

3 0 0 1 Tobhaigh speisialta ar an luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 156 724 | 137 022 | 127 155,— |

*Barúlacha*

Bhí feidhm ag na forálacha a bhaineann leis an ranníocaíocht shealadach go dtí an 30 Meitheamh 2003. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe leis an mír taifead a dhéanamh ar aon ioncam a thagann ón méid iarmharach den ranníocaíocht shealadach ó thuarastail Chomhaltaí an Choimisiúin, na n-oifigeach agus na seirbhíseach eile a bhfuil stádas gníomhach acu.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 66a díobh.

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN** *(Ar lean.)*

***3 0 0*** *(Ar lean.)*

3 0 0 1 *(Ar lean.)*

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

An Prótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 12 de.

Rialachán Uimh. 422/67/CEE, Uimh. 5/67/Euratom ón gComhairle an 25 Iúil 1967 lena socraítear díolaíochtaí Uachtarán agus Chomhaltaí an Choimisiúin agus Uachtarán, Bhreithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais agus Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta (IO 187, 8.8.1967, lch. 1).

Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (IO L 113, 4.5.1994, lch. 15), agus go háirithe Airteagal 10(2) agus (3) de.

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

***3 0 1*** ***Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin***

3 0 1 0 Ranníocaíochtaí na foirne leis an scéim pinsin

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 747 563 | 707 282 | 628 733,— |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(2) díobh.

3 0 1 1 Cearta pinsin á n-aistriú nó á gceannach ag an bhfoireann

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 4, Airteagal 11(2) agus (3) díobh agus Airteagal 48 d’Iarscríbhinn VIII a ghabhann leo.

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN** *(Ar lean.)*

***3 0 1*** *(Ar lean.)*

3 0 1 2 Ranníocaíochtaí na foirne atá ar saoire leis an scéim pinsin

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 40(3) díobh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 17 díobh.

**CAIBIDIL 3 1 — IONCAM A BHAINEANN LE MAOIN**

***3 1 0*** ***Díol maoine dochorraithe — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar an ioncam ó dhíol maoine dochorraithe de chuid na hinstitiúide.

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

***3 1 1*** ***Díol maoine eile***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar an ioncam ó dhíol maoine eile de chuid na hinstitiúide nó óna páirtmhalartú. Déantar taifead leis freisin ar na fáltais ó dhíol feithiclí, trealaimh, suiteálacha, ábhar, agus fearais eolaíochta agus theicniúil, ar nithe iad atá á n-athsholáthar nó atá á gcur á mbriseadh nuair atá an luach de réir na leabhar dímheasta ina iomláine.

**CAIBIDIL 3 1 — IONCAM A BHAINEANN LE MAOIN** *(Ar lean.)*

**3 1 2** ***Ligean agus foligean maoine dochorraithe ar cíos — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

**CAIBIDIL 3 2 — IONCAM Ó SHOLÁTHAR EARRAÍ, SEIRBHÍSÍ AGUS OIBRE — IONCAM SANNTA**

**3 2 0** ***Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre — Ioncam sannta***

3 2 0 2 Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre d'institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais — Ioncam sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

**3 2 1** ***Aisíocaíochtaí liúntas misean arna ndéanamh ag institiúidí nó comhlachtaí eile — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

**3 2 2** ***Ioncam ó thríú páirtithe i ndáil le hearraí, seirbhísí nó obair — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

**CAIBIDIL 3 2 — IONCAM Ó SHOLÁTHAR EARRAÍ, SEIRBHÍSÍ AGUS OIBRE — IONCAM SANNTA** *(Ar lean.)*

**3 2 2** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

**CAIBIDIL 3 3 — IONCAM RIARACHÁIN EILE**

**3 3 0** ***Aisíoc méideanna a íocadh go mícheart — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

**3 3 1** ***Ioncam le haghaidh cuspóir sonrach (ioncam ó fhondúireachtaí, fóirdheontais, bronntanais agus tiomnachtaí) – Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(2) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

**3 3 3** ***Íocaíochtaí árachais a fuarthas — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

**CAIBIDIL 3 3 — IONCAM RIARACHÁIN EILE** *(Ar lean.)*

**3 3 8** ***Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 1 372,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile a bhaineann le hoibríochtaí riaracháin na n-institiúidí.

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, measfar gur ioncam sannta an t-ioncam sin agus, dá bhrí sin, déantar é a iontráil mar leithreasuithe breise sna línte faoina raibh an caiteachas tosaigh as ar tháinig an t-ioncam comhfhreagrach.

**3 3 9** ***Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 997,— |

*Barúlacha*

Tá an t-airteagal seo ceaptha taifead a dhéanamh ar ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin.

AN TOMBUDSMAN EORPACH

## TEIDEAL 4

## IONCAM AIRGEADAIS, ÚS MAINNEACHTANA AGUS FÍNEÁLACHA

### CAIBIDIL 4 0 — IONCAM Ó INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS Ó CHUNTAIS

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 4 0 | | | | |
| **4 0 0** | ***Ioncam ó infheistíochtaí, iasachtaí arna ndeonú agus cuntais bhainc*** | p.m. | p.m. | 28,— | |
| | CAIBIDIL 4 0 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 28,— | |
| | **Teideal 4 — Iomlán** | **p.m.** | **p.m.** | **28,—** | |

# TEIDEAL 4

# IONCAM AIRGEADAIS, ÚS MAINNEACHTANA AGUS FÍNEÁLACHA

## CAIBIDIL 4 0 — IONCAM Ó INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS Ó CHUNTAIS

### 4 0 0 *Ioncam ó infheistíochtaí, iasachtaí arna ndeonú agus cuntais bhainc*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 28,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh ar an ioncam ó infheistíochtaí, iasachtaí arna ndeonú agus ús bainc agus ús eile ar chuntais na hinstitiúide.

## TEIDEAL 6

## IONCAM, RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE BEARTAIS AN AONTAIS

### CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 6 6 | | | | |
| **6 6 8** | ***Ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile - Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 6 6 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Teideal 6 — Iomlán** | **p.m.** | **p.m.** | **0,—** | |

## TEIDEAL 6

## IONCAM, RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE BEARTAIS AN AONTAIS

### CAIBIDIL 6 6 — RANNÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ EILE

### 6 6 8 *Ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile - Ioncam sannta*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an airteagal seo taifead a dhéanamh, de bhun Airteagal 21 den Rialachán Airgeadais, ar aon ioncam nach bhforáiltear dó in aon chodanna eile de Theideal 6 agus a úsáidtear chun leithreasuithe breise a sholáthar chun caiteachas dá sanntar an t-ioncam sin a mhaoiniú.

AN TOMBUDSMAN EORPACH

## CAITEACHAS

### Achoimre ghinearálta ar leithreasuithe (2024 agus 2023) agus ar an olltoradh (2022)

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| **1** | **CAITEACHAS A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** | | | |
| 1 0 | COMHALTAÍ NA HINSTITIÚIDE | 496 500 | 511 605 | 481 810,60 |
| 1 2 | OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH | 9 681 707 | 9 137 366 | 7 933 004,85 |
| 1 4 | FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA | 672 500 | 659 700 | 516 020,56 |
| 1 6 | CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID | 345 644 | 343 676 | 305 472,05 |
| | **Teideal 1 — Iomlán** | **11 196 351** | **10 652 347** | **9 236 308,06** |
| **2** | **FOIRGNIMH, TROSCÁN, TREALAMH AGUS CAITEACHAS ILGHNÉITHEACH OIBRIÚCHÁIN** | | | |
| 2 0 | FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA | 1 570 709 | 1 429 000 | 1 620 763,93 |
| 2 1 | PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS TROSCÁN: CEANNACH, FÁIL AR CÍOS AGUS COTHABHÁIL | 325 000 | 325 000 | 274 984,45 |
| 2 3 | CAITEACHAS RIARACHÁIN REATHA | 509 700 | 510 700 | 474 335,09 |
| | **Teideal 2 — Iomlán** | **2 405 409** | **2 264 700** | **2 370 083,47** |
| **3** | **CAITEACHAS A EASCRAÍONN AS FEIDHMEANNA GINEARÁLTA A RINNE AN INSTITIÚID** | | | |
| 3 0 | CRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA | 194 000 | 251 000 | 149 830,60 |
| 3 2 | SAINEOLAS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS SCAIPEADH | 35 000 | 32 000 | 74 891,53 |
| 3 3 | STAIDÉIR AGUS FÓIRDHEONTAIS EILE | 10 000 | 10 000 | 18 250,— |
| 3 4 | SPEANSAIS A BHAINEANN LE DUALGAIS AN OMBUDSMAN EORPAIGH | 2 400 | 2 400 | 2 400,— |
| | **Teideal 3 — Iomlán** | **241 400** | **295 400** | **245 372,13** |

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| **10** | **CAITEACHAS EILE** | | | |
| 10 0 | LEITHREASUITHE SEALADACHA | p.m. | p.m. | 0,— |
| 10 1 | CÚLCHISTE TEAGMHASACH | p.m. | p.m. | 0,— |
| | **Teideal 10 — Iomlán** | **p.m.** | **p.m.** | **0,—** |
| | **COMHIOMLÁN** | **13 843 160** | **13 212 447** | **11 851 763,66** |

## TEIDEAL 1

## CAITEACHAS A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID

### CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE
### CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 1 0 | | | | |
| ***1 0 0*** | ***Tuarastail, liúntais agus íocaíochtaí a bhaineann le tuarastail*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 459 500 | 474 605 | 446 810,60 | 97,24 |
| ***1 0 2*** | ***Liúntais shealadacha*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***1 0 3*** | ***Pinsin*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| ***1 0 4*** | ***Speansais mhisin*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 35 000 | 35 000 | 35 000,— | 100 |
| ***1 0 5*** | ***Cúrsaí teanga agus próiseála sonraí*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 000 | 2 000 | 0,— | |
| ***1 0 8*** | ***Liúntais agus speansais ar dhul isteach sa tseirbhís agus ar fhágáil na seirbhíse*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 1 0 — IOMLÁN | 496 500 | 511 605 | 481 810,60 | 97,04 |
| | CAIBIDIL 1 2 | | | | |
| ***1 2 0*** | ***Luach saothair agus teidlíochtaí eile*** | | | | |
| 1 2 0 0 | Luach saothair agus liúntais | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 9 648 707 | 9 104 366 | 7 915 605,40 | 82,04 |
| 1 2 0 2 | Ragobair ar íocaíocht | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 000 | 3 000 | 0,— | |
| 1 2 0 4 | Teidlíochtaí ar dhul isteach sa tseirbhís, ar aistriú agus ar fhágáil na seirbhíse | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 30 000 | 30 000 | 17 399,45 | 58 |
| | *Airteagal 1 2 0 — Iomlán* | 9 681 707 | 9 137 366 | 7 933 004,85 | 81,94 |

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH** *(Ar lean.)*
**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA**
**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***1 2 2*** | ***Liúntais ar luathfhoirceannadh seirbhíse*** | | | | |
| 1 2 2 0 | Liúntais don fhoireann atá ar scor chun leas na seirbhíse | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 1 2 2 2 | Liúntais don fhoireann a ndéantar a seirbhís a fhoirceannadh agus scéim scoir speisialta d'oifigigh agus don fhoireann shealadach | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 1 2 2 — Iomlán* | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 1 2 — IOMLÁN | 9 681 707 | 9 137 366 | 7 933 004,85 | 81,94 |
| | CAIBIDIL 1 4 | | | | |
| ***1 4 0*** | ***Foireann eile agus daoine seachtracha*** | | | | |
| 1 4 0 0 | Foireann eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 450 500 | 450 500 | 350 168,37 | 77,73 |
| 1 4 0 4 | Tréimhsí oiliúna do chéimithe, deontais agus malartuithe oifigeach | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 222 000 | 209 200 | 165 852,19 | 74,71 |
| | *Airteagal 1 4 0 — Iomlán* | 672 500 | 659 700 | 516 020,56 | 76,73 |
| | CAIBIDIL 1 4 — IOMLÁN | 672 500 | 659 700 | 516 020,56 | 76,73 |
| | CAIBIDIL 1 6 | | | | |
| ***1 6 1*** | ***Caiteachas a bhaineann le bainistiú foirne*** | | | | |
| 1 6 1 0 | Caiteachas ar earcaíocht | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 000 | 3 000 | 1 145,— | 38,17 |
| 1 6 1 2 | Oiliúint bhreise | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 90 000 | 90 000 | 87 036,20 | 96,71 |
| | *Airteagal 1 6 1 — Iomlán* | 93 000 | 93 000 | 88 181,20 | 94,82 |

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***1 6 3*** | ***Bearta chun cúnamh a thabhairt d'fhoireann na hinstitiúide*** | | | | |
| 1 6 3 0 | Leas sóisialta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 1 6 3 1 | Soghluaisteacht | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 19 950 | 26 000 | 2 317,25 | 11,62 |
| 1 6 3 2 | Teagmhálacha sóisialta idir daoine den fhoireann agus bearta sóisialta eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 7 000 | 7 000 | 4 576,60 | 65,38 |
| | *Airteagal 1 6 3 — Iomlán* | 26 950 | 33 000 | 6 893,85 | 25,58 |
| ***1 6 5*** | ***Gníomhaíochtaí a bhaineann le gach duine atá ag obair leis an institiúid*** | | | | |
| 1 6 5 0 | Scoileanna Eorpacha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 175 694 | 167 676 | 124 697,— | 70,97 |
| 1 6 5 1 | Creiseanna agus saoráidí cúraim leanaí | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 50 000 | 50 000 | 85 700,— | 171,40 |
| | *Airteagal 1 6 5 — Iomlán* | 225 694 | 217 676 | 210 397,— | 93,22 |
| | CAIBIDIL 1 6 — IOMLÁN | 345 644 | 343 676 | 305 472,05 | 88,38 |
| | **Teideal 1 — Iomlán** | **11 196 351** | **10 652 347** | **9 236 308,06** | **82,49** |

# TEIDEAL 1

# CAITEACHAS A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID

## CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE

### *1 0 0 Tuarastail, liúntais agus íocaíochtaí a bhaineann le tuarastail*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 459 500 | 474 605 | 446 810,60 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar tuarastail, liúntais agus íocaíochtaí eile a bhaineann le tuarastal an Ombudsman, eadhon ranníocaíochtaí na hinstitiúide i leith árachas in aghaidh tionóisce agus galair cheirde, ranníocaíochtaí na hinstitiúide i leith árachas breoiteachta, deontais bhreithe, liúntais iníoctha i gcás báis, cuairteanna bliantúla leighis, etc.

*Bunús dlí*

Rialachán Uimh. 422/67/CEE, Uimh. 5/67/Euratom ón gComhairle an 25 Iúil 1967 lena socraítear díolaíochtaí Uachtarán agus Chomhaltaí an Choimisiúin, Uachtarán, Bhreithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta agus Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir an Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh (IO 187, 8.8.1967, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 4a, Airteagal 11 agus Airteagal 14 de.

Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (IO L 113, 4.5.1994, lch. 15).

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

### *1 0 2 Liúntais shealadacha*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar liúntais idirthréimhseacha, liúntais teaghlaigh agus ualú i leith tíortha cónaithe.

**CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 0 2*** *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialachán Uimh. 422/67/CEE, Uimh. 5/67/Euratom ón gComhairle an 25 Iúil 1967 lena socraítear díolaíochtaí Uachtarán agus Chomhaltaí an Choimisiúin, Uachtarán, Bhreithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta agus Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir an Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh (IO 187, 8.8.1967, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 7 de.

Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (IO L 113, 4.5.1994, lch. 15).

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

***1 0 3*** ***Pinsin***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Is é an Coimisiún a sheasfaidh an costas a bhaineann le pinsin scoir iar-Ombudsman Eorpach (mar aon le pinsin marthanóra baintreach agus dílleachtaí agus na hualuithe a chuirtear i bhfeidhm i leith a dtíortha cónaithe). Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na costais sin nach bhfuil cumhdaithe ag an gCoimisiún, eadhon an Ombudsman Eorpaigh le scéim árachais sláinte AE.

*Bunús dlí*

Rialachán Uimh. 422/67/CEE, Uimh. 5/67/Euratom ón gComhairle an 25 Iúil 1967 lena socraítear díolaíochtaí Uachtarán agus Chomhaltaí an Choimisiúin, Uachtarán, Bhreithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta agus Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir an Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh (IO 187, 8.8.1967, lch. 1), agus go háirithe Airteagail 8, 9, 15 agus 18 de.

Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (IO L 113, 4.5.1994, lch. 15).

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

**CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

### 1 0 4 *Speansais mhisin*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 35 000 | 35 000 | 35 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar speansais taistil, liúntais chothaithe laethúil ar mhisin agus caiteachas breise nó eisceachtúil arna thabhú ar mhisean.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 1 000.

*Bunús dlí*

Rialachán Uimh. 422/67/CEE, Uimh. 5/67/Euratom ón gComhairle an 25 Iúil 1967 lena socraítear díolaíochtaí Uachtarán agus Chomhaltaí an Choimisiúin, Uachtarán, Bhreithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta agus Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir an Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh (IO 187, 8.8.1967, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 6 de.

Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (IO L 113, 4.5.1994, lch. 15).

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

### 1 0 5 *Cúrsaí teanga agus próiseála sonraí*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 000 | 2 000 | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar speansais a thabhaítear ag freastal ar chúrsaí teanga nó ar sheimineáir oiliúna gairmiúla eile.

### 1 0 8 *Liúntais agus speansais ar dhul isteach sa tseirbhís agus ar fhágáil na seirbhíse*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

**CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 0 8*** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar speansais taistil atá dlite don Ombudsman Eorpach (lena n-áirítear a dteaghlaigh) ar dhul i mbun dualgais nó ar fhágáil na hinstitiúide dóibh, liúntais suiteála agus athlonnaithe atá dlite don Ombudsman Eorpach ar dhul i mbun dualgais nó ar fhágáil na hinstitiúide dóibh agus speansais aistrithe atá dlite don Ombudsman Eorpach ar dhul i mbun dualgais nó ar fhágáil na hinstitiúide dóibh.

*Bunús dlí*

Rialachán Uimh. 422/67/CEE, Uimh. 5/67/Euratom ón gComhairle an 25 Iúil 1967 lena socraítear díolaíochtaí Uachtarán agus Chomhaltaí an Choimisiúin, Uachtarán, Bhreithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta agus Uachtarán, Chomhaltaí agus Chláraitheoir an Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh (IO 187, 8.8.1967, lch. 1), agus go háirithe Airteagal 5 de.

Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (IO L 113, 4.5.1994, lch. 15).

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH**

***1 2 0*** ***Luach saothair agus teidlíochtaí eile***

1 2 0 0 Luach saothair agus liúntais

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 9 648 707 | 9 104 366 | 7 915 605,40 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo, i gcás na n-oifigeach agus na foirne sealadaí a bhfuil post acu dá bhforáiltear sa phlean bunaíochta, go gcumhdófar, den chuid is mó, na nithe seo a leanas:

— tuarastail, liúntais agus íocaíochtaí a bhaineann le tuarastail,

— árachas in aghaidh breoiteachta, tionóiscí agus galar ceirde agus muirir slándála sóisialta eile,

— liúntais ragoibre ar ráta comhréidh,

— liúntais agus deontais ilghnéitheacha eile,

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH** *(Ar lean.)*

***1 2 0*** *(Ar lean.)*

1 2 0 0 *(Ar lean.)*

— íocaíocht speansas taistil le haghaidh oifigeach nó baill foirne shealadacha, a gcéilí agus a gcleithiúnaithe óna n-áit fostaíochta go dtí a n-áit tionscnaimh,

— tionchar na n-ualuithe tuarastail is infheidhme maidir le luach saothair agus leis an gcuid de dhíolaíochtaí a aistrítear chuig tír seachas an tír fostaíochta,

— árachas dífhostaíochta le haghaidh baill foirne shealadacha agus íocaíochtaí ón institiúid le baill foirne shealadacha chun a gcearta pinsin a bhunú nó a chaomhnú ina dtíortha tionscnaimh.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

1 2 0 2 Ragobair ar íocaíocht

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 000 | 3 000 | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar íocaíocht ragoibre faoi na coinníollacha atá leagtha amach sa bhunús dlí.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 56 díobh agus Iarscríbhinn VI a ghabhann leo.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

1 2 0 4 Teidlíochtaí ar dhul isteach sa tseirbhís, ar aistriú agus ar fhágáil na seirbhíse

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 30 000 | 30 000 | 17 399,45 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— speansais taistil atá dlite d'oifigigh agus do bhaill foirne shealadacha (lena n-áirítear a dteaghlaigh) ar dhul isteach sa tseirbhís dóibh nó ar fhágáil na seirbhíse dóibh nó ar aistriú go dtí áit fostaíochta eile dóibh,

**CAIBIDIL 1 2 — OIFIGIGH AGUS FOIREANN SHEALADACH** *(Ar lean.)*

***1 2 0*** *(Ar lean.)*

1 2 0 4 *(Ar lean.)*

— liúntais suiteála/athlonnaithe agus speansais aistrithe atá dlite d'oifigigh agus do bhaill foirne shealadacha a bhfuil oibleagáid orthu a n-áit chónaithe a athrú ar dhul i mbun dualgais dóibh, ar aistriú go dtí áit fostaíochta nua dóibh agus ar fhágáil na hinstitiúide dóibh ar deireadh agus athlonnú áit eile,

— liúntais chothaithe laethúil d'oifigigh agus do bhaill foirne shealadacha a chuireann fianaise ar fáil go gcaithfidh siad a n-áit chónaithe a athrú ar dhul i mbun dualgais dóibh nó ar aistriú go dtí áit nua fostaíochta dóibh,

— cúiteamh d'oifigeach promhaidh arna dhífhostú toisc gur léir nach bhfuil a chuid nó a cuid oibre sách maith,

— cúiteamh do bhall den fhoireann shealadach a ndéanann an institiúid a chonradh a fhoirceannadh.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

***1 2 2*** ***Liúntais ar luathfhoirceannadh seirbhíse***

1 2 2 0 Liúntais don fhoireann atá ar scor chun leas na seirbhíse

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na liúntais is iníoctha le hoifigigh:

— a ndéantar stádas neamhghníomhach a shannadh dóibh i ndáil le gníomhaíocht chun líon na bpost san institiúid a laghdú,

— a bhfuil post ar ghrád AD 16, AD 15 nó AD 14 acu, agus atá ar scor chun leas na seirbhíse.

Cumhdaítear leis freisin ranníocaíocht an fhostóra le hárachas breoiteachta agus tionchar na n-ualuithe is infheidhme maidir leis na liúntais sin.

***1 2 2*** *(Ar lean.)*

1 2 2 0 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 41 agus Airteagal 50 díobh agus Iarscríbhinn IV a ghabhann leo.

1 2 2 2 Liúntais don fhoireann a ndéantar a seirbhís a fhoirceannadh agus scéim scoir speisialta d'oifigigh agus don fhoireann shealadach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— na liúntais is iníoctha faoi na Rialacháin Foirne, Rialachán (CEGC, CEE, Euratom) Uimh. 3518/85 nó Rialachán (CE, Euratom, CEGC) Uimh. 2688/95,

— ranníocaíochtaí an fhostóra i leith árachas breoiteachta le haghaidh fhaighteoirí na liúntas,

— tionchar na n-ualuithe tuarastail is infheidhme maidir leis na liúntais éagsúla.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 64 agus Airteagal 72 díobh.

Rialachán (CEGC, CEE, Euratom) Uimh. 3518/85 ón gComhairle an 12 Nollaig 1985 lena dtugtar isteach bearta speisialta chun seirbhís oifigigh na gComhphobal Eorpach a fhoirceannadh mar thoradh ar aontachas na Spáinne agus na Portaingéile (IO L 335, 13.12.1985, lch. 56) agus Rialachán (CE, Euratom, CEGC) Uimh. 2688/95 ón gComhairle an 17 Samhain 1995 lena dtugtar isteach bearta speisialta chun seirbhís oifigigh na gComhphobal Eorpach a fhoirceannadh mar thoradh ar aontachas na hOstaire, na Fionlainne agus na Sualainne (IO L 280, 23.11.1995, lch. 1).

AN TOMBUDSMAN EORPACH

**CAIBIDIL 1 4 — FOIREANN EILE AGUS SEIRBHÍSÍ SEACHTRACHA**

***1 4 0 Foireann eile agus daoine seachtracha***

1 4 0 0 Foireann eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 450 500 | 450 500 | 350 168,37 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar, den chuid is mó, na nithe seo a leanas:

— luach saothair foirne eile, lena n-áirítear foireann ar conradh agus foireann áitiúil agus comhairleoirí speisialta (de réir bhrí Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh), ranníocaíochtaí fostóra leis na scéimeanna slándála sóisialta éagsúla agus tionchar na n-ualuithe tuarastail is infheidhme maidir le luach saothair na bhfoirne sin, agus

— táillí foirne a íoctar faoi na socruithe maidir le seirbhísí a sholáthar agus, i gcásanna speisialta, foireann shealadach a fhostú ó ghníomhaireacht.

*Bunús dlí*

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

1 4 0 4 Tréimhsí oiliúna do chéimithe, deontais agus malartuithe oifigeach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 222 000 | 209 200 | 165 852,19 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— liúntais, speansais taistil agus misean d'oiliúnaithe, agus árachas tionóisce agus breoiteachta le linn cúrsaí,

— caiteachas a eascraíonn as gluaiseachtaí foirne idir an tOmbudsman Eorpach agus an earnáil phoiblí sna Ballstáit nó i dtíortha eile atá sonraithe sna rialacha.

*Bunús dlí*

Cinneadh ón Ombudsman maidir le sealanna oiliúna agus cinneadh ón Ombudsman maidir le hoifigigh idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla arna dtabhairt ar iasacht chuig Oifig an Ombudsman Eorpaigh.

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID**

***1 6 1 Caiteachas a bhaineann le bainistiú foirne***

1 6 1 0 Caiteachas ar earcaíocht

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 000 | 3 000 | 1 145,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— caiteachas ar eagrú na gcomórtas dá bhforáiltear in Airteagal 3 den Chinneadh ó na hArdrúnaithe agus speansais taistil agus chothaithe d'iarratasóirí a dtugtar cuireadh chun agallaimh agus chun scrúduithe liachta orthu, agus

— na costais a bhaineann le nósanna imeachta a eagrú chun oifigigh agus baill foirne eile a roghnú.

I gcásanna a bhfuil bonn cirt cuí leo de bharr riachtanais oibríochtúla agus tar éis dul i gcomhairle leis an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne, féadfar an leithreasú seo a úsáid le haghaidh comórtais a eagróidh an institiúid í féin.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 27 go 31 agus Airteagal 33 díobh agus Iarscríbhinn III a ghabhann leo.

Cinneadh 2002/620/CE ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iniúchóirí, ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, ó Choiste na Réigiún agus ón Ombudsman Eorpach an 25 Iúil 2002 lena mbunaítear Oifig um Roghnú Foirne an Aontais (IO L 197, 26.7.2002, lch. 53) agus Cinneadh 2002/621/CE ó Ardrúnaithe Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, ó Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, ó Ardrúnaithe na Cúirte Iniúchóirí, an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta agus Choiste na Réigiún, agus ó ionadaí an Ombudsman Eorpaigh an 25 Iúil 2002 maidir le heagrú agus oibriú Oifig um Roghnú Foirne an Aontais Eorpaigh (IO L 197, 26.7.2002, lch. 56).

1 6 1 2 Oiliúint bhreise

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 90 000 | 90 000 | 87 036,20 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— caiteachas ar oiliúint chun scileanna foirne agus feidhmíocht agus éifeachtúlacht na hinstitiúide a fheabhsú,

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

***1 6 1*** *(Ar lean.)*

1 6 1 2 *(Ar lean.)*

— caiteachas ar chostais iompair, íocaíocht liúntas laethúil misin agus na speansais choimhdeacha nó eisceachtúla arna dtabhú ar mhisean, lena n-áirítear costais choimhdeacha a bhaineann le ticéid agus áirithintí (seachas na cinn a luaitear in Airteagal 3 0 0).

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 24a díobh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

***1 6 3*** ***Bearta chun cúnamh a thabhairt d'fhoireann na hinstitiúide***

1 6 3 0 Leas sóisialta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— mar chuid de bheartas idirinstitiúideach chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas sna catagóirí seo a leanas:

  — oifigigh agus foireann shealadach a bhfuil stádas gníomhach acu,

  — céilí oifigeach agus foirne sealadaí a bhfuil stádas gníomhach acu,

  — gach leanbh cleithiúnach de réir bhrí Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh,

  faoi réir na n-uasteorainneacha buiséadacha agus nuair a bheidh aon teidlíochtaí náisiúnta a deonaíodh sa tír chónaithe nó sa tír thionscnaimh ídithe, aisíocaíocht an chaiteachais neamhleighis a mheastar a bheith riachtanach, a tharlaíonn mar thoradh ar mhíchumas, a bheidh cuí-réasúnaithe agus nach n-aisíoctar é leis an gComhscéim Árachais Breoiteachta,

— gníomhaíocht arna déanamh maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile i gcásanna atá thar a bheith deacair.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 9(3), an tríú fomhír, agus Airteagal 76 díobh.

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

***1 6 3*** *(Ar lean.)*

1 6 3 0 *(Ar lean.)*

Cinneadh ón Ombudsman Eorpach an 15 Eanáir 2004 lena nglactar na rialacha maidir le cúnamh sóisialta d'oifigigh agus do ghníomhairí eile oifig an Ombudsman Eorpaigh.

1 6 3 1 Soghluaisteacht

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 19 950 | 26 000 | 2 317,25 |

*Barúlacha*

Tá an leithreasú seo ceaptha chun maoiniú a chur ar fáil don scéim chun tacú leis na nithe seo a leanas:

— roghanna ilmhódacha iompair inbhuanaithe a úsáid, lena n-áirítear rothaíocht, siúl agus iompar poiblí, chun teacht chuig an ionad oibre,

— fáil agus cothabháil rothar seirbhíse, ócáidí ardaithe feasachta a eagrú, etc.,

de réir ghealltanas institiúidí an Aontais a n-astaíochtaí $CO_2$ a laghdú agus cuspóirí an Aontais arna gcur in iúl sa Chomhaontú Glas don Eoraip.

1 6 3 2 Teagmhálacha sóisialta idir daoine den fhoireann agus bearta sóisialta eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 7 000 | 7 000 | 4 576,60 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo spreagadh a thabhairt do scéimeanna chun teagmhálacha sóisialta a chur chun cinn idir baill foirne de náisiúntachtaí éagsúla agus chun tacaíocht airgeadais a thabhairt dóibh, mar shampla fóirdheontais do chlubanna foirne, do chomhlachais agus do ghníomhaíochtaí cultúrtha, agus ranníocaíocht a dhéanamh le costas gníomhaíochtaí arna n-eagrú ag an gcoiste foirne (gníomhaíochtaí cultúrtha agus fóillíochta, béilí etc.).

Cumhdaítear leis freisin rannpháirtíocht airgeadais i ngníomhaíochtaí sóisialta idirinstitiúideacha.

**CAIBIDIL 1 6 — CAITEACHAS EILE A BHAINEANN LE DAOINE ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** *(Ar lean.)*

***1 6 5*** ***Gníomhaíochtaí a bhaineann le gach duine atá ag obair leis an institiúid***

1 6 5 0 Scoileanna Eorpacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 175 694 | 167 676 | 124 697,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— ranníocaíocht an Ombudsman Eorpaigh leis na Scoileanna Eorpacha de Chineál II atá creidiúnaithe ag Bord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha, nó

— aisíocaíocht chuig an gCoimisiún den ranníocaíocht leis na Scoileanna Eorpacha de Chineál II atá creidiúnaithe ag Bord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha arna híoc ag an gCoimisiún in ainm agus thar ceann an Ombudsman Eorpaigh agus bunaithe ar chomhaontú sainordaithe agus seirbhíse arna shíniú leis an gCoimisiún.

Cumhdófar leis costas leanaí fhoireann an Ombudsman Eorpaigh atá cláraithe i Scoil Eorpach de Chineál II.

*Bunús dlí*

Cinneadh C(2013) 4886 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2013 maidir le ranníocaíocht AE arna híoc ar bhonn *pro rata* le scoileanna atá creidiúnaithe ag Bord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha a chur i bhfeidhm de réir líon na leanaí de chuid fhoireann AE atá cláraithe, lena n-ionadaítear Cinneadh C(2009) 7719 ón gCoimisiún arna leasú le Cinneadh C(2010) 7993 ón gCoimisiún (IO C 222, 2.8.2013, lch. 8).

1 6 5 1 Creiseanna agus saoráidí cúraim leanaí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 50 000 | 50 000 | 85 700,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ranníocaíocht an Ombudsman Eorpaigh le costas an Ionaid Luath-Óige agus creiseanna agus saoráidí cúraim leanaí eile (le híoc leis an gCoimisiún).

## TEIDEAL 2

## FOIRGNIMH, TROSCÁN, TREALAMH AGUS CAITEACHAS ILGHNÉITHEACH OIBRIÚCHÁIN

### CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA
### CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS TROSCÁN: CEANNACH, FÁIL AR CÍOS AGUS COTHABHÁIL

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 2 0 | | | | |
| **2 0 0** | ***Foirgnimh agus costais ghaolmhara*** | | | | |
| 2 0 0 0 | Cíos | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 045 620 | 942 000 | 1 176 938,81 | 112,56 |
| 2 0 0 1 | Obair feistithe agus shuiteála | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 5 000 | p.m. | 5 314,96 | 106,30 |
| 2 0 0 2 | Glanadh, cothabháil agus tomhaltas fuinnimh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 195 969 | 195 000 | 152 510,16 | 77,82 |
| 2 0 0 3 | Slándáil agus faireachas foirgneamh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 324 120 | 292 000 | 286 000,— | 88,24 |
| | *Airteagal 2 0 0 — Iomlán* | 1 570 709 | 1 429 000 | 1 620 763,93 | 103,19 |
| | CAIBIDIL 2 0 — IOMLÁN | 1 570 709 | 1 429 000 | 1 620 763,93 | 103,19 |
| | CAIBIDIL 2 1 | | | | |
| **2 1 0** | ***Trealamh, costais oibriúcháin agus seirbhísí a bhaineann le próiseáil sonraí agus le teileachumarsáid*** | | | | |
| 2 1 0 0 | Ceannach, seirbhísiú agus cothabháil trealaimh agus bogearraí, agus obair ghaolmhar | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 310 000 | 310 000 | 258 639,50 | 83,43 |
| | *Airteagal 2 1 0 — Iomlán* | 310 000 | 310 000 | 258 639,50 | 83,43 |
| **2 1 2** | ***Troscán*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 000 | 3 000 | 6 304,87 | 210,16 |
| **2 1 6** | ***Feithiclí*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 12 000 | 12 000 | 10 040,08 | 83,67 |
| | CAIBIDIL 2 1 — IOMLÁN | 325 000 | 325 000 | 274 984,45 | 84,61 |

## CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN REATHA

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 2 3 | | | | |
| **2 3 0** | ***Caiteachas riaracháin*** | | | | |
| 2 3 0 0 | Stáiseanóireacht, soláthairtí oifige agus tomhaltáin ilghnéitheacha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 500 | 5 500 | 2 846,74 | 81,34 |
| 2 3 0 1 | Postas ar chomhfhreagras agus muirir sheachadta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 500 | 3 000 | 3 000,— | 120 |
| 2 3 0 2 | Teileachumarsáid | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 4 500 | 5 000 | 3 479,53 | 77,32 |
| 2 3 0 3 | Muirir airgeadais | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 700 | 700 | 960,— | 137,14 |
| 2 3 0 4 | Caiteachas eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 500 | 3 500 | 2 549,26 | 72,84 |
| 2 3 0 5 | Costais dlí agus damáistí | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 000 | 1 000 | 0,— | |
| | *Airteagal 2 3 0 — Iomlán* | 15 700 | 18 700 | 12 835,53 | 81,75 |
| **2 3 1** | ***Aistriúchán agus ateangaireacht*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 315 000 | 315 000 | 315 000,— | 100 |
| **2 3 2** | ***Tacaíocht do ghníomhaíochtaí*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 179 000 | 177 000 | 146 499,56 | 81,84 |
| | CAIBIDIL 2 3 — IOMLÁN | 509 700 | 510 700 | 474 335,09 | 93,06 |
| | **Teideal 2 — Iomlán** | **2 405 409** | **2 264 700** | **2 370 083,47** | **98,53** |

# TEIDEAL 2

# FOIRGNIMH, TROSCÁN, TREALAMH AGUS CAITEACHAS ILGHNÉITHEACH OIBRIÚCHÁIN

## CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

### *2 0 0 Foirgnimh agus costais ghaolmhara*

2 0 0 0 Cíos

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 045 620 | 942 000 | 1 176 938,81 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar an cíos ar na foirgnimh ina bhfuil an tOmbudsman Eorpach

— áitreabh in Strasbourg,

— áitreabh sa Bhruiséil.

*Bunús dlí*

Socrú riaracháin idir an tOmbudsman Eorpach agus Parlaimint na hEorpa.

2 0 0 1 Obair feistithe agus shuiteála

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 5 000 | p.m. | 5 314,96 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar cineálacha éagsúla oibre feistithe, lena n-áirítear go háirithe deighiltí, cuirtíní, cáblaí, pictiúr, cumhdaigh ballaí, cumhdaigh urláir agus síleálacha crochta a shuiteáil agus na suiteálacha teicniúla lena mbaineann.

*Bunús dlí*

Socrú riaracháin idir an tOmbudsman Eorpach agus Parlaimint na hEorpa.

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH AGUS COSTAIS GHAOLMHARA** *(Ar lean.)*

***2 0 0*** *(Ar lean.)*

2 0 0 2 Glanadh, cothabháil agus tomhaltas fuinnimh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 195 969 | 195 000 | 152 510,16 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— na costais chothabhála, choinneála, oibriúcháin agus ghlantóireachta do na foirgnimh atá á bhfáil ar cíos ag an Ombudsman Eorpach,

— costais uisce, gháis, leictreachais agus téimh.

*Bunús dlí*

Socrú riaracháin idir an tOmbudsman Eorpach agus Parlaimint na hEorpa.

2 0 0 3 Slándáil agus faireachas foirgneamh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 324 120 | 292 000 | 286 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na costais slándála do na foirgnimh ina bhfuil an tOmbudsman Eorpach.

*Bunús dlí*

Socrú riaracháin idir an tOmbudsman Eorpach agus Parlaimint na hEorpa.

**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS TROSCÁN: CEANNACH, FÁIL AR CÍOS AGUS COTHABHÁIL**

*Barúlacha*

I dtaca le soláthar poiblí, rachaidh an institiúid i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile maidir leis na téarmaí conarthacha atá faighte ag gach ceann acu.

**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS TROSCÁN: CEANNACH, FÁIL AR CÍOS AGUS COTHABHÁIL** *(Ar lean.)*

**2 1 0** ***Trealamh, costais oibriúcháin agus seirbhísí a bhaineann le próiseáil sonraí agus le teileachumarsáid***

2 1 0 0 Ceannach, seirbhísiú agus cothabháil trealaimh agus bogearraí, agus obair ghaolmhar

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 310 000 | 310 000 | 258 639,50 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar na nithe seo a leanas:

— ceannach, fáil ar cíos, seirbhísiú agus cothabháil trealaimh agus forbairt bogearraí,

— cúnamh i dtaca le hoibriú agus cothabháil córas próiseála sonraí,

— oibríochtaí próiseála sonraí a chuirtear ar iontaoibh tríú páirtithe agus caiteachas eile seirbhíse próiseála sonraí,

— ceannach, fáil ar cíos, seirbhísiú agus cothabháil trealaimh teileachumarsáide agus caiteachas eile i dtaca le teileachumarsáid (líonraí tarchuir, lasc-chláir theileafóin, gléasanna láimhe agus trealamh comhchosúil, meaisíní facs, teiléacsanna, costais suiteála, etc.)

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 1 000.

**2 1 2** ***Troscán***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 000 | 3 000 | 6 304,87 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ceannach, fáil ar cíos, cothabháil agus deisiú troscáin, lena n-áirítear ceannach troscáin eirgeanamaíochta, athsholáthar troscáin sheanchaite agus bhriste agus meaisíní oifige.

**CAIBIDIL 2 1 — PRÓISEÁIL SONRAÍ, TREALAMH AGUS TROSCÁN: CEANNACH, FÁIL AR CÍOS AGUS COTHABHÁIL** *(Ar lean.)*

**2 1 6** ***Feithiclí***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 12 000 | 12 000 | 10 040,08 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ceannach, cothabháil, úsáid agus deisiú feithiclí (gluaisteáin seirbhíse), chomh maith le gluaisteán, tacsaithe, cóistí agus leoraithe a fháil ar cíos, le tiománaithe nó gan iad, lena n-áirítear an cumhdach árachais is gá agus íoc na bhfíneálacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

**CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN REATHA**

**2 3 0** ***Caiteachas riaracháin***

*Barúlacha*

I dtaca le soláthar poiblí, rachaidh an institiúid i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile maidir leis na téarmaí conarthacha atá faighte ag gach ceann acu.

2 3 0 0 Stáiseanóireacht, soláthairtí oifige agus tomhaltáin ilghnéitheacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 500 | 5 500 | 2 846,74 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar ceannach páipéir, clúdach litreach, soláthairtí oifige, soláthairtí don siopa clóite agus ceardlanna atáirgthe, etc..

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 1 000.

2 3 0 1 Postas ar chomhfhreagras agus muirir sheachadta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 500 | 3 000 | 3 000,— |

**CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN REATHA** *(Ar lean.)*

***2 3 0*** *(Ar lean.)*

2 3 0 1 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar muirir ar phostas, ar phróiseáil agus ar sheachadadh ag seirbhísí poist nó ag gnólachtaí seachadta príobháideacha.

2 3 0 2 Teileachumarsáid

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 4 500 | 5 000 | 3 479,53 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar suibscríbhinní agus muirir do chumarsáid cáblaí agus raidió (teileafónaíocht sheasta agus mhóibíleach, agus teilifís) mar aon le caiteachas ar líonraí tarchuir sonraí agus seirbhísí teileamaitice.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 5 000.

2 3 0 3 Muirir airgeadais

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 700 | 700 | 960,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar muirir bhainc (coimisiúin, *agio* agus muirir ilghnéitheacha) agus muirir airgeadais eile, lena n-áirítear costais choimhdeacha do mhaoiniú foirgneamh.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 10 000.

**CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN REATHA** *(Ar lean.)*

**2 3 0** *(Ar lean.)*

2 3 0 4 Caiteachas eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 500 | 3 500 | 2 549,26 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— árachas nach bhforáiltear go sonrach dó i mír eile,

— speansais oibriúcháin ilghnéitheacha, amhail maidir le ceannach amchláir iarnróid agus eitiltí, foilsiú fógraí díolacháin i dtaca le trealamh athláimhe i nuachtáin, etc,

— cuntais óinchiste sa Bhruiséil agus in Strasbourg.

2 3 0 5 Costais dlí agus damáistí

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 000 | 1 000 | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— gach costas a dhíorthaíonn ó rannpháirtíocht an Ombudsman Eorpaigh i gcásanna os comhair cúirteanna de chuid an Aontais agus cúirteanna náisiúnta, costas na seirbhísí dlí, agus aon speansais dlí, chúirte nó lasmuigh den chúirt,

— damáistí, ús agus aon fhiacha de réir bhrí an Rialacháin Airgeadais.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 5 000.

**2 3 1** ***Aistriúchán agus ateangaireacht***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 315 000 | 315 000 | 315 000,— |

**CAIBIDIL 2 3 — CAITEACHAS RIARACHÁIN REATHA** *(Ar lean.)*

**2 3 1** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar costas na seirbhísí forlíontacha uile, go háirithe an tuarascáil bhliantúil agus doiciméid eile a aistriú agus a chlóscríobh, ateangairí conarthacha agus ócáideacha agus costais ghaolmhara eile.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 5 000.

**2 3 2** ***Tacaíocht do ghníomhaíochtaí***

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 179 000 | 177 000 | 146 499,56 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na costais fhoriomlána bhainistíochta, ar costais iad atá iníoctha le Parlaimint na hEorpa chun na costais do Pharlaimint na hEorpa a chumhdach a bhaineann le ham na mball foirne i dtaca le seirbhísí ginearálta a sholáthar amhail iniúchadh inmheánach, an tSeirbhís Leighis, etc.

Tá sé beartaithe leis freisin go dtacófar leis an gcostas a bhaineann leis na seirbhísí idirinstitiúideacha éagsúla a chur ar fáil, ar costais iad nach gcumhdaítear le líne bhuiséid eile cheana.

AN TOMBUDSMAN EORPACH

## TEIDEAL 3

## CAITEACHAS A EASCRAÍONN AS FEIDHMEANNA GINEARÁLTA A RINNE AN INSTITIÚID

### CAIBIDIL 3 0 — CRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA
### CAIBIDIL 3 2 — SAINEOLAS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS SCAIPEADH

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 0 | | | | |
| **3 0 0** | ***Speansais mhisin na foirne*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 100 000 | 100 000 | 118 306,25 | 118,31 |
| **3 0 2** | ***Speansais fáiltithe agus ionadaíochta*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 000 | 2 000 | 496,40 | 24,82 |
| **3 0 3** | ***Cruinnithe i gcoitinne*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 67 000 | 124 000 | 24 823,44 | 37,05 |
| **3 0 4** | ***Cruinnithe inmheánacha*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 25 000 | 25 000 | 6 204,51 | 24,82 |
| | CAIBIDIL 3 0 — IOMLÁN | 194 000 | 251 000 | 149 830,60 | 77,23 |
| | CAIBIDIL 3 2 | | | | |
| **3 2 0** | ***Fáil faisnéise agus saineolais*** | | | | |
| 3 2 0 0 | Caiteachas doiciméadúcháin agus leabharlainne | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 3 000 | 4 000 | 1 463,08 | 48,77 |
| 3 2 0 1 | Caiteachas ar acmhainní cartlainne | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 6 000 | 3 000 | 16 000,— | 266,67 |
| | *Airteagal 3 2 0 — Iomlán* | 9 000 | 7 000 | 17 463,08 | 194,03 |
| **3 2 1** | ***Táirgeadh agus scaipeadh*** | | | | |
| 3 2 1 0 | Cumarsáid agus foilseacháin | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 26 000 | 25 000 | 57 428,45 | 220,88 |
| | *Airteagal 3 2 1 — Iomlán* | 26 000 | 25 000 | 57 428,45 | 220,88 |
| | CAIBIDIL 3 2 — IOMLÁN | 35 000 | 32 000 | 74 891,53 | 213,98 |

**CAIBIDIL 3 3 — STAIDÉIR AGUS FÓIRDHEONTAIS EILE**
**CAIBIDIL 3 4 — SPEANSAIS A BHAINEANN LE DUALGAIS AN OMBUDSMAN EORPAIGH**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 3 | | | | |
| **3 3 0** | ***Staidéir agus fóirdheontais*** | | | | |
| 3 3 0 0 | Staidéir | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 10 000 | 10 000 | 18 250,— | 182,50 |
| 3 3 0 1 | Caidreamh le hombudsmain náisiúnta/réigiúnacha agus le comhlachtaí comhchosúla eile agus tacaíocht do ghníomhaíochtaí Líonra Eorpach na nOmbudsman | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 3 3 0 — Iomlán* | 10 000 | 10 000 | 18 250,— | 182,50 |
| | CAIBIDIL 3 3 — IOMLÁN | 10 000 | 10 000 | 18 250,— | 182,50 |
| | CAIBIDIL 3 4 | | | | |
| **3 4 0** | ***Speansais a bhaineann le dualgais an Ombudsman Eorpaigh*** | | | | |
| 3 4 0 0 | Speansais ilghnéitheacha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 400 | 2 400 | 2 400,— | 100 |
| | *Airteagal 3 4 0 — Iomlán* | 2 400 | 2 400 | 2 400,— | 100 |
| | CAIBIDIL 3 4 — IOMLÁN | 2 400 | 2 400 | 2 400,— | 100 |
| | **Teideal 3 — Iomlán** | **241 400** | **295 400** | **245 372,13** | **101,65** |

AN TOMBUDSMAN EORPACH

## TEIDEAL 3

## CAITEACHAS A EASCRAÍONN AS FEIDHMEANNA GINEARÁLTA A RINNE AN INSTITIÚID

### CAIBIDIL 3 0 — CRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA

#### *3 0 0 Speansais mhisin na foirne*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 100 000 | 100 000 | 118 306,25 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar chostais iompair, íocaíocht liúntas laethúil misin agus na speansais choimhdeacha nó eisceachtúla arna dtabhú ar mhisean, lena n-áirítear costais choimhdeacha a bhaineann le ticéid agus áirithintí.

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 5 000.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 71 díobh agus Airteagal 11, Airteagal 12 agus Airteagal 13 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leo.

#### *3 0 2 Speansais fáiltithe agus ionadaíochta*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 000 | 2 000 | 496,40 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na costais a bhaineann le hoibleagáidí na hinstitiúide maidir le fáiltithe, costais ionadaíochta agus ceannach nithe ionadaíochtúla arna dtairiscint ag an Ombudsman Eorpach.

**CAIBIDIL 3 0 — CRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA** *(Ar lean.)*

### 3 0 3 *Cruinnithe i gcoitinne*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 67 000 | 124 000 | 24 823,44 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar speansais taistil, chothaithe agus theagmhasacha saineolaithe agus daoine eile a dtugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i gcoistí, i ngrúpaí staidéir nó i gcruinnithe oibre, mar aon le caiteachas gaolmhar eile (seomraí a fháil ar cíos, riachtanais ateangaireachta, etc.).

### 3 0 4 *Cruinnithe inmheánacha*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 25 000 | 25 000 | 6 204,51 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na costais a bhaineann le heagrú chruinnithe inmheánacha na hinstitiúide.

**CAIBIDIL 3 2 — SAINEOLAS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS SCAIPEADH**

### 3 2 0 *Fáil faisnéise agus saineolais*

3 2 0 0 Caiteachas doiciméadúcháin agus leabharlainne

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 3 000 | 4 000 | 1 463,08 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— rannán na n-oibreacha tagartha ginearálta a leathnú agus a athnuachan agus stoc na leabharlainne a choinneáil cothrom le dáta,

**CAIBIDIL 3 2 — SAINEOLAS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS SCAIPEADH** *(Ar lean.)*

***3 2 0*** *(Ar lean.)*

3 2 0 0 *(Ar lean.)*

— síntiúis le nuachtáin agus tréimhseacháin agus gníomhaireachtaí nuachta agus lena bhfoilseacháin agus le seirbhísí ar líne, lena n-áirítear táillí cóipchirt chun na nithe thuasluaite a atáirgeadh agus a scaipeadh i bhfoirm scríofa agus/nó leictreonach agus conarthaí seirbhíse le haghaidh athbhreithnithe agus gearrthóg preasa,

— suibscríobhanna nó conarthaí seirbhíse chun achoimrí agus anailísí ar inneachar tréimhseachán a sholáthar nó chun ailt a tógadh ó thréimhseacháin den sórt sin a stóráil ar mheáin optúla,

— bunachair sonraí dhoiciméadacha agus staidrimh sheachtracha a úsáid (cé is moite de chrua-earraí ríomhaireachta agus muirir theileachumarsáide),

— ábhair leabharlainne speisialta, doiciméadacht agus ábhair leabharlainne meán a cheannach nó a fháil ar cíos, lena n-áirítear saoráidí agus/nó córais leictreacha, leictreonacha agus ríomhaireachta, mar aon le seirbhísí seachtracha chun na saoráidí agus na córais sin a fháil, a fhorbairt, a úsáid agus a chothabháil,

— costas seirbhísí a bhaineann le gníomhaíochtaí leabharlainne, go háirithe agus plé á dhéanamh le custaiméirí leabharlainne (fiosruithe, anailísí), agus córais bainistithe cáilíochta, etc.,

— trealamh agus obair a bhaineann le ceangal agus caomhnú don leabharlann, do dhoiciméadacht agus don leabharlann meán,

— ceannach foclóirí, gluaiseanna agus saothar eile do sheirbhísí an Ombudsman Eorpaigh.

3 2 0 1 Caiteachas ar acmhainní cartlainne

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 6 000 | 3 000 | 16 000,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— costas seirbhísí seachtracha le haghaidh oibríochtaí cartlannaithe, lena n-áirítear sórtáil, comhdú agus athchomhdú sna taisclanna, costas seirbhísí cartlainne, fáil agus úsáid acmhainní cartlainne ar mheáin ionadacha (micreascannáin, dioscaí, caiséid, etc.), ceannach, fruiliú agus cothabháil saoráidí speisialta (leictreonach, ríomhairithe agus leictreach) agus caiteachas ar fhoilseacháin ar gach meán (bróisiúir, CD-ROM, etc.),

— an costas próiseála do pháipéir an Ombudsman Eorpaigh arna gcarnadh le linn fheidhmiú a oifige nó a hoifige agus arna dtabhairt ar láimh, i bhfoirm deontais dhlíthiúla nó oidhreachtaí, do Pharlaimint na hEorpa, do Chartlann Stairiúil an Aontais Eorpaigh (HAEU) nó do chomhlachas nó d’fhondúireacht faoi rialacha arna mbunú.

**CAIBIDIL 3 2 — SAINEOLAS AGUS FAISNÉIS: FÁIL, CARTLANNÚ, TÁIRGEADH AGUS SCAIPEADH** *(Ar lean.)*

***3 2 0*** *(Ar lean.)*

3 2 0 1 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43), agus na bearta cur chun feidhme arna nglacadh ag an Ombudsman Eorpach.

***3 2 1*** ***Táirgeadh agus scaipeadh***

3 2 1 0 Cumarsáid agus foilseacháin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 26 000 | 25 000 | 57 428,45 |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas ar fhoilsiú agus ar fhaisnéis, agus go háirithe:

— an costas clódóireachta agus atáirgthe, sna teangacha éagsúla, i dtaca le foilseacháin éagsúla (tuarascáil bhliantúil etc.),

— ábhar clóite (ar mhodh traidisiúnta nó leictreonach) lena gcuirtear faisnéis maidir leis an Ombudsman Eorpach chun cinn (poiblíocht agus bearta chun prionsabal an Ombudsman Eorpaigh a chur chun cinn don phobal i gcoitinne), agus

— aon speansais eile a bhaineann le beartas faisnéise na hinstitiúide (siompóisiamaí, seimineáir, rannpháirtíocht in imeachtaí poiblí, etc.).

Meastar suim an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais ag EUR 1 000.

**CAIBIDIL 3 3 — STAIDÉIR AGUS FÓIRDHEONTAIS EILE**

***3 3 0*** ***Staidéir agus fóirdheontais***

3 3 0 0 Staidéir

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 10 000 | 10 000 | 18 250,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar maoiniú staidéar agus/nó suirbhéanna a chuirtear amach ar conradh do shaineolaithe cáilithe agus d’institiúidí taighde, mar aon le costais fhoilsiú na staidéar sin agus costais ghaolmhara.

3 3 0 1 Caidreamh le hombudsmain náisiúnta/réigiúnacha agus le comhlachtaí comhchosúla eile agus tacaíocht do ghníomhaíochtaí Líonra Eorpach na nOmbudsman

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a ghealltar chun caidreamh a chur chun cinn agus chun comhar a neartú idir an tOmbudsman Eorpach agus na hombudsmain náisiúnta/réigiúnacha agus comhlachtaí comhchosúla eile.

Féadfar, go háirithe, ranníocaíochtaí airgeadais le tionscadail i réimsí líonra na nOmbudsman Eorpach a chumhdach leis (seachas a bhfuil luaite i Mír 3 2 1 0)

Tá sé beartaithe leis freisin go gcumhdófar aon ranníocaíocht a bhaineann le grúpaí cuairteoirí an Ombudsman Eorpaigh.

**CAIBIDIL 3 4 — SPEANSAIS A BHAINEANN LE DUALGAIS AN OMBUDSMAN EORPAIGH**

***3 4 0*** ***Speansais a bhaineann le dualgais an Ombudsman Eorpaigh***

3 4 0 0 Speansais ilghnéitheacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 400 | 2 400 | 2 400,— |

**CAIBIDIL 3 4 — SPEANSAIS A BHAINEANN LE DUALGAIS AN OMBUDSMAN EORPAIGH** *(Ar lean.)*

***3 4 0*** *(Ar lean.)*

3 4 0 0 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas arna thabhú mar gheall ar nádúr speisialta dhualgais an Ombudsman, amhail caidreamh le hombudsmain náisiúnta agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ombudsman agus síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

# TEIDEAL 10

# CAITEACHAS EILE

**CAIBIDIL 10 0 — LEITHREASUITHE SEALADACHA**
**CAIBIDIL 10 1 — CÚLCHISTE TEAGMHASACH**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 10 0 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 10 0 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 10 1 | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 10 1 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Teideal 10 — Iomlán** | **p.m.** | **p.m.** | **0,—** | |

# TEIDEAL 10

# CAITEACHAS EILE

## CAIBIDIL 10 0 — LEITHREASUITHE SEALADACHA

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Bunús dlí*

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

## CAIBIDIL 10 1 — CÚLCHISTE TEAGMHASACH

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar caiteachas a eascraíonn as cinntí buiséadacha a dhéantar le linn na bliana airgeadais (caiteachas nach féidir a mheas).

AN TOMBUDSMAN EORPACH

## FOIREANN

### An tOmbudsman Eorpach

| Grúpa feidhme agus grád | 2024 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|
| | Poist bhuana | Poist shealadacha | Poist bhuana | Poist shealadacha |
| AD 16 | — | 1 | — | 1 |
| AD 15 | 3 | — | 1 | — |
| AD 14 | 1 | 1 | 3 | 1 |
| AD 13 | 1 | 2 | 1 | 1 |
| AD 12 | 5 | — | 5 | 1 |
| AD 11 | 1 | 1 | 2 | 1 |
| AD 10 | 1 | 1 | — | 1 |
| AD 9 | 6 | 1 | 4 | 1 |
| AD 8 | 5 | 2 | 7 | 1 |
| AD 7 | 2 | 3 | 4 | 4 |
| AD 6 | 2 | 3 | 1 | 4 |
| AD 5 | 2 | 2 | 1 | 1 |
| Fo-iomlán AD | 29 | 17 | 29 | 17 |
| AST 11 | — | — | — | — |
| AST 10 | — | 1 | — | 1 |
| AST 9 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| AST 8 | 2 | 1 | 3 | 1 |
| AST 7 | 3 | 1 | 2 | 1 |
| AST 6 | 3 | 4 | 2 | 3 |
| AST 5 | 2 | 1 | 2 | 2 |
| AST 4 | 2 | 1 | 3 | 1 |
| AST 3 | 1 | — | — | — |
| AST 2 | — | 3 | — | — |
| AST 1 | — | — | — | — |
| Fo-iomlán AST | 14 | 13 | 13 | 10 |
| AST/SC 6 | — | — | — | — |
| AST/SC 5 | — | — | — | — |
| AST/SC 4 | 1 | — | 1 | — |
| AST/SC 3 | — | 1 | — | 2 |
| AST/SC 2 | — | — | — | 3 |
| AST/SC 1 | — | — | — | — |
| Fo-iomlán AST/SC | 1 | 1 | 1 | 5 |
| **Iomlán** | **44** | **31** | **43** | **32** |
| **Comhiomlán** | **75** | | **75** | |

*ROINN IX*

**AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ**

AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ

## IONCAM

### Ranníocaíocht an Aontais Eorpaigh le maoiniú chaiteachas an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí le haghaidh na bliana airgeadais 2024

| Ceannteideal | Méid |
|---|---|
| Caiteachas | 24 329 460 |
| Acmhainní dílse | – 2 393 000 |
| **Ranníocaíocht atá dlite** | **21 936 460** |

# IONCAM

## TEIDEAL 3

## IONCAM RIARACHÁIN

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN**
**CAIBIDIL 3 1 — IONCAM A BHAINEANN LE MAOIN**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 0 | | | | |
| **3 0 0** | ***Cánacha agus tobhaigh*** | | | | |
| 3 0 0 0 | Cáin ar luach saothair | 961 000 | 876 000 | 689 471,59 | 71,75 |
| 3 0 0 1 | Tobhaigh speisialta ar luach saothair | 206 000 | 186 000 | 146 527,14 | 71,13 |
| | *Airteagal 3 0 0 — IOMLÁN* | 1 167 000 | 1 062 000 | 835 998,73 | 71,64 |
| **3 0 1** | ***Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin*** | | | | |
| 3 0 1 0 | Ranníocaíochtaí foirne leis an scéim pinsin | 1 226 000 | 1 094 000 | 909 810,77 | 74,21 |
| 3 0 1 1 | Ceart pinsin á n-aistriú nó á gceannach ag an bhfoireann | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 3 0 1 2 | Ranníocaíochtaí ná foirne atá ar saoire leis an scéim pinsin | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 3 0 1 — IOMLÁN* | 1 226 000 | 1 094 000 | 909 810,77 | 74,21 |
| | CAIBIDIL 3 0 — IOMLÁN | 2 393 000 | 2 156 000 | 1 745 809,50 | 72,95 |
| | CAIBIDIL 3 1 | | | | |
| **3 1 0** | ***Díol maoine dochorraithe — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **3 1 1** | ***Díol maoine eile*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **3 1 2** | ***Ligean agus foligean maoine dochorraithe ar cíos — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 3 1 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |

**CAIBIDIL 3 2 — IONCAM Ó SHOLÁTHAR EARRAÍ, SEIRBHÍSÍ AGUS OIBRE — IONCAM SANNTA**
**CAIBIDIL 3 3 — IONCAM RIARACHÁIN EILE**

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 2 | | | | |
| **3 2 0** | ***Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre — Ioncam sannta*** | | | | |
| 3 2 0 2 | Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre le haghaidh institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais — Ioncam sannta | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 3 2 0* — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **3 2 1** | ***Aisíocaíochtaí liúntas misin ó institiúidí eile agus ó chomhlachtaí eile — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **3 2 2** | ***Ioncam ó thríú páirtithe i ndáil le hearraí, seirbhísí nó obair — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 3 2 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 3 3 | | | | |
| **3 3 0** | ***Aisíoc méideanna a íocadh go mícheart — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **3 3 1** | ***Ioncam le haghaidh cuspóir sonrach (ioncam ó fhondúireachtaí, ó fhóirdheontais, ó bhronntanais agus ó thiomnachtaí) – Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **3 3 3** | ***Íocaíochtaí árachais a fuarthas — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **3 3 8** | ***Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin — Ioncam sannta*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| **3 3 9** | ***Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 3 3 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Teideal 3 — IOMLÁN** | **2 393 000** | **2 156 000** | **1 745 809,50** | **72,95** |

# TEIDEAL 3

# IONCAM RIARACHÁIN

## CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN

### *3 0 0 Cánacha agus tobhaigh*

3 0 0 0 Cáin ar luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 961 000 | 876 000 | 689 471,59 |

*Bunús dlí*

An Prótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 12 de.

Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 260/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos na coinníollacha agus an nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm na cánach chun sochar na gComhphobal Eorpach (IO L 56, 4.3.1968, lch. 8).

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

3 0 0 1 Tobhaigh speisialta ar luach saothair

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 206 000 | 186 000 | 146 527,14 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 66a díobh.

An Prótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 12 de.

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

**CAIBIDIL 3 0 — IONCAM ÓN bhFOIREANN** *(Ar lean.)*

***3 0 1 Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsin***

3 0 1 0 Ranníocaíochtaí foirne leis an scéim pinsin

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 226 000 | 1 094 000 | 909 810,77 |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(2) díobh.

3 0 1 1 Ceart pinsin á n-aistriú nó á gceannach ag an bhfoireann

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 4, Airteagal 11(2) agus (3) agus Airteagal 48 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leo.

3 0 1 2 Ranníocaíochtaí ná foirne atá ar saoire leis an scéim pinsin

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

**CAIBIDIL 3 1 — IONCAM A BHAINEANN LE MAOIN**

***3 1 0 Díol maoine dochorraithe — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé i gceist leis an airteagal seo ioncam ó dhíol maoine dochorraithe ar leis an institiúid í a thaifeadadh.

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, is mar ioncam sannta a mheasfar an t-ioncam seo agus mar thoradh air sin, déanfar leithreasuithe breise a chur isteach ar na línte ar a raibh an caiteachas tosaigh as ar eascair an t-ioncam comhfhreagrach.

**CAIBIDIL 3 1 — IONCAM A BHAINEANN LE MAOIN** *(Ar lean.)*

**3 1 1** ***Díol maoine eile***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé i gceist leis an airteagal seo ioncam a thabhaítear ó dhíol nó ó pháirtmhalartú maoine eile ar leis an institiúid í a thaifeadadh. Taifeadtar ann freisin na fáltais ó dhíol trealaimh, suiteálacha, ábhar, agus gairis eolaíochta agus teicneolaíochta, chomh maith le díol feithiclí, ar nithe iad atá á n-athsholáthar nó á gcaitheamh i dtraipisí nuair atá an luach de réir na leabhar dímheasta ina iomláine.

**3 1 2** ***Ligean agus foligean maoine dochorraithe ar cíos — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, is mar ioncam sannta a mheasfar an t-ioncam seo agus mar thoradh air sin, déanfar leithreasuithe breise a chur isteach ar na línte ar a raibh an caiteachas tosaigh as ar eascair an t-ioncam comhfhreagrach.

**CAIBIDIL 3 2 — IONCAM Ó SHOLÁTHAR EARRAÍ, SEIRBHÍSÍ AGUS OIBRE — IONCAM SANNTA**

**3 2 0** ***Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre — Ioncam sannta***

3 2 0 2 Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre le haghaidh institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais — Ioncam sannta

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, is mar ioncam sannta a mheasfar an t-ioncam seo agus mar thoradh air sin, déanfar leithreasuithe breise a chur isteach ar na línte ar a raibh an caiteachas tosaigh as ar eascair an t-ioncam comhfhreagrach.

**3 2 1** ***Aisíocaíochtaí liúntas misin ó institiúidí eile agus ó chomhlachtaí eile — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

**CAIBIDIL 3 2 — IONCAM Ó SHOLÁTHAR EARRAÍ, SEIRBHÍSÍ AGUS OIBRE — IONCAM SANNTA** *(Ar lean.)*

**3 2 1** *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, is mar ioncam sannta a mheasfar an t-ioncam seo agus mar thoradh air sin, déanfar leithreasuithe breise a chur isteach ar na línte ar a raibh an caiteachas tosaigh as ar eascair an t-ioncam comhfhreagrach.

**3 2 2** ***Ioncam ó thríú páirtithe i ndáil le hearraí, seirbhísí nó obair — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, is mar ioncam sannta a mheasfar an t-ioncam seo agus mar thoradh air sin, déanfar leithreasuithe breise a chur isteach ar na línte ar a raibh an caiteachas tosaigh as ar eascair an t-ioncam comhfhreagrach.

**CAIBIDIL 3 3 — IONCAM RIARACHÁIN EILE**

**3 3 0** ***Aisíoc méideanna a íocadh go mícheart — Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, is mar ioncam sannta a mheasfar an t-ioncam seo agus mar thoradh air sin, déanfar leithreasuithe breise a chur isteach ar na línte ar a raibh an caiteachas tosaigh as ar eascair an t-ioncam comhfhreagrach.

**3 3 1** ***Ioncam le haghaidh cuspóir sonrach (ioncam ó fhondúireachtaí, ó fhóirdheontais, ó bhronntanais agus ó thiomnachtaí) – Ioncam sannta***

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(2) den Rialachán Airgeadais, is mar ioncam sannta a mheasfar an t-ioncam seo agus mar thoradh air sin, déanfar leithreasuithe breise a chur isteach ar na línte ar a raibh an caiteachas tosaigh as ar eascair an t-ioncam comhfhreagrach.

**CAIBIDIL 3 3 — IONCAM RIARACHÁIN EILE** *(Ar lean.)*

### 3 3 3 *Íocaíochtaí árachais a fuarthas — Ioncam sannta*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

I gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais, is mar ioncam sannta a mheasfar an t-ioncam seo agus mar thoradh air sin, déanfar leithreasuithe breise a chur isteach ar na línte ar a raibh an caiteachas tosaigh as ar eascair an t-ioncam comhfhreagrach.

### 3 3 8 *Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin — Ioncam sannta*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé i gceist leis an airteagal seo ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile a thaifeadadh i ndáil le hoibríochtaí riaracháin na hinstitiúide a thaifeadadh.

I gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais, is mar ioncam sannta a mheasfar an t-ioncam seo agus mar thoradh air sin, déanfar leithreasuithe breise a chur isteach ar na línte ar a raibh an caiteachas tosaigh as ar eascair an t-ioncam comhfhreagrach.

### 3 3 9 *Ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé i gceist leis an airteagal seo ioncam eile ó oibríochtaí riaracháin a thaifeadadh.

## TEIDEAL 4

## IONCAM AIRGEADAIS, ÚS MAINNEACHTANA AGUS FÍNEÁLACHA

### CAIBIDIL 4 0 — IONCAM Ó INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS CUNTAIS

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 4 0 | | | | |
| **4 0 0** | ***Ioncam ó infheistíochtaí, iasachtaí arna ndeonú agus cuntais bhainc*** | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | CAIBIDIL 4 0 — IOMLÁN | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | **Teideal 4 — IOMLÁN** | **p.m.** | **p.m.** | **0,—** | |

# TEIDEAL 4

# IONCAM AIRGEADAIS, ÚS MAINNEACHTANA AGUS FÍNEÁLACHA

## CAIBIDIL 4 0 — IONCAM Ó INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS CUNTAIS

### 4 0 0 *Ioncam ó infheistíochtaí, iasachtaí arna ndeonú agus cuntais bhainc*

| Meastachán 2024 | Meastachán 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Tá sé i gceist leis an airteagal seo ioncam ó infheistíochtaí, iasachtaí arna ndeonú agus ús bainc agus ús eile ar chuntais na hinstitiúide a thaifeadadh.

AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ

## CAITEACHAS

### Achoimre ghinearálta ar leithreasuithe (2024 agus 2023) agus ar an olltoradh (2022)

| Teideal Caibidil | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|---|---|
| **1** | **PEARSANRA ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID** | | | |
| 1 0 | COMHALTAÍ NA HINSTITIÚIDE | 469 000 | 440 000 | 419 561,62 |
| 1 1 | FOIREANN NA HINSTITIÚIDE | 11 763 594 | 10 598 920 | 9 198 113,56 |
| | **Teideal 1 — IOMLÁN** | **12 232 594** | **11 038 920** | **9 617 675,18** |
| **2** | **FOIRGNIMH, TREALAMH AGUS CAITEACHAS I NDÁIL LE HOIBRIÚ NA HINSTITIÚIDE** | | | |
| 2 0 | FOIRGNIMH, TREALAMH AGUS CAITEACHAS I NDÁIL LE HOIBRIÚ NA HINSTITIÚIDE | 3 735 114 | 3 706 857 | 3 768 992,61 |
| | **Teideal 2 — IOMLÁN** | **3 735 114** | **3 706 857** | **3 768 992,61** |
| **3** | **AN BORD EORPACH UM CHOSAINT SONRAÍ** | | | |
| 3 0 | CAITEACHAS I NDÁIL LE HOIBRIÚ AN BHOIRD | 8 361 752 | 7 965 782 | 6 521 056,04 |
| | **Teideal 3 — IOMLÁN** | **8 361 752** | **7 965 782** | **6 521 056,04** |
| **10** | **CAITEACHAS EILE** | | | |
| 10 0 | LEITHREASUITHE SEALADACHA | p.m. | p.m. | 0,— |
| 10 1 | CÚLCHISTE TEAGMHASACH | p.m. | p.m. | 0,— |
| | **Teideal 10 — IOMLÁN** | **p.m.** | **p.m.** | **0,—** |
| | **Comhiomlán** | **24 329 460** | **22 711 559** | **19 907 723,83** |

## TEIDEAL 1

## PEARSANRA ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID

### CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 1 0 | | | | |
| ***1 0 0*** | ***Luach saothair, liúntais agus teidlíochtaí eile Comhaltaí*** | | | | |
| 1 0 0 0 | Luach saothair agus liúntais | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 426 000 | 400 000 | 386 561,62 | 90,74 |
| 1 0 0 1 | Teidlíochtaí ar dhul isteach sa tseirbhís nó ar fhágáil na seirbhíse | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 1 0 0 2 | Liúntais shealadacha | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 1 0 0 3 | Pinsin | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 1 0 0 4 | Leithreasú sealadach | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 1 0 0 — IOMLÁN* | 426 000 | 400 000 | 386 561,62 | 90,74 |
| ***1 0 1*** | ***Caiteachas eile i ndáil le Comhaltaí*** | | | | |
| 1 0 1 0 | Oiliúint bhreise | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 10 000 | 10 000 | 0,— | |
| 1 0 1 1 | Costais mhisin, costais taistil agus caiteachas coimhdeach eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 33 000 | 30 000 | 33 000,— | 100 |
| | *Airteagal 1 0 1 — IOMLÁN* | 43 000 | 40 000 | 33 000,— | 76,74 |
| | CAIBIDIL 1 0 — IOMLÁN | 469 000 | 440 000 | 419 561,62 | 89,46 |

AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ

## CAIBIDIL 1 1 — FOIREANN NA hINSTITIÚIDE

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 1 1 | | | | |
| ***1 1 0*** | ***Luach saothair, liúntais agus teidlíochtaí eile oifigeach agus ball foirne sealadach*** | | | | |
| 1 1 0 0 | Luach saothair agus liúntais | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 8 726 000 | 7 724 420 | 6 532 446,08 | 74,86 |
| 1 1 0 1 | Teidlíochtaí ar dhul isteach sa tseirbhís, ar aistriú, agus ar fhágáil na seirbhíse | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 85 000 | 80 000 | 48 161,33 | 56,66 |
| 1 1 0 2 | Ragobair ar íocaíocht | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 1 1 0 3 | Deontais cúnaimh speisialta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 1 1 0 4 | Liúntais agus ranníocaíochtaí ilghnéitheacha ar luathfhoirceannadh seirbhíse | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 1 1 0 5 | Leithreasú sealadach | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| | *Airteagal 1 1 0 — IOMLÁN* | 8 811 000 | 7 804 420 | 6 580 607,41 | 74,69 |
| ***1 1 1*** | ***Foireann eile*** | | | | |
| 1 1 1 0 | Foireann ar conradh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 2 127 594 | 2 020 500 | 2 081 228,02 | 97,82 |
| 1 1 1 1 | Costas tréimhsí oiliúna agus malartuithe foirne | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 365 000 | 325 000 | 159 131,73 | 43,60 |
| 1 1 1 2 | Seirbhísí agus obair le tabhairt ar conradh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 60 000 | 57 000 | 33 800,— | 56,33 |
| | *Airteagal 1 1 1 — IOMLÁN* | 2 552 594 | 2 402 500 | 2 274 159,75 | 89,09 |

**CAIBIDIL 1 1 — FOIREANN NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***1 1 2*** | ***Caiteachas eile i ndáil leis an bhfoireann*** | | | | |
| 1 1 2 0 | Costais mhisin, costais taistil agus caiteachas coimhdeach eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 150 000 | 110 000 | 145 000,— | 96,67 |
| 1 1 2 1 | Costais earcaíochta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 10 000 | 7 000 | 11 000,— | 110 |
| 1 1 2 2 | Oiliúint bhreise | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 89 000 | 89 000 | 60 000,— | 67,42 |
| 1 1 2 3 | Seirbhís shóisialta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | p.m. | p.m. | 0,— | |
| 1 1 2 4 | Seirbhís leighis | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 30 000 | 23 000 | 23 000,— | 76,67 |
| 1 1 2 5 | Ionad naíolainne an Aontais agus naíolanna lae agus ionaid iarscoile eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 100 000 | 85 000 | 99 893,35 | 99,89 |
| 1 1 2 6 | Caidreamh idir an fhoireann agus caiteachas leasa eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 21 000 | 78 000 | 4 453,05 | 21,21 |
| | *Airteagal 1 1 2 — IOMLÁN* | 400 000 | 392 000 | 343 346,40 | 85,84 |
| | CAIBIDIL 1 1 — IOMLÁN | 11 763 594 | 10 598 920 | 9 198 113,56 | 78,19 |
| | **Teideal 1 — IOMLÁN** | **12 232 594** | **11 038 920** | **9 617 675,18** | **78,62** |

# TEIDEAL 1

# PEARSANRA ATÁ AG OBAIR LEIS AN INSTITIÚID

## CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE

### *1 0 0 Luach saothair, liúntais agus teidlíochtaí eile Comhaltaí*

1 0 0 0 Luach saothair agus liúntais

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 426 000 | 400 000 | 386 561,62 |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar tuarastail, liúntais agus íocaíochtaí eile a bhaineann le tuarastal na gComhaltaí, go háirithe ranníocaíochtaí na hinstitiúide maidir le hárachas in aghaidh timpistí agus galar ceirde, ranníocaíochtaí na hinstitiúide maidir le hárachas breoiteachta, deontais bhreithe, liúntais atá iníoctha i gcás báis, cuairteanna bliantúla leighis, etc.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

1 0 0 1 Teidlíochtaí ar dhul isteach sa tseirbhís nó ar fhágáil na seirbhíse

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar costais taistil atá dlite do Chomhaltaí, lena n-áirítear a dteaghlach, ar dhul i mbun dualgais dóibh nó ar fhágáil na hinstitiúide dóibh, liúntais suiteála agus athlonnaithe atá dlite do Chomhaltaí ar dhul i mbun dualgais dóibh nó ar fhágáil na hinstitiúide dóibh, agus costais aistrithe atá dlite do Chomhaltaí ar dhul i mbun dualgais dóibh nó ar fhágáil na hinstitiúide dóibh.

**CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 0 0*** *(Ar lean.)*

1 0 0 1 *(Ar lean.)*

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

1 0 0 2 Liúntais shealadacha

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar liúntais shealadacha, liúntais teaghlaigh, agus an chomhéifeacht cheartúcháin a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le tíortha cónaithe iar-Chomhaltaí den institiúid.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

1 0 0 3 Pinsin

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

**CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 0 0*** *(Ar lean.)*

1 0 0 3 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar pinsin scoir agus an chomhéifeacht cheartúcháin a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le tíortha cónaithe Comhaltaí den institiúid mar aon le pinsin marthanóra céilí agus dílleachtaí a mhaireann agus an chomhéifeacht cheartúcháin a chuirtear i bhfeidhm i ndáil lena dtíortha cónaithe.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

1 0 0 4 Leithreasú sealadach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar éifeacht aon nuashonruithe ar luach saothair agus ar phinsin.

Tá sé sealadach agus ní fhéadfar é a úsáid go dtí go ndéantar é a aistriú chuig ceannteidil eile i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

***1 0 1*** ***Caiteachas eile i ndáil le Comhaltaí***

1 0 1 0 Oiliúint bhreise

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 10 000 | 10 000 | 0,— |

**CAIBIDIL 1 0 — COMHALTAÍ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 0 1*** *(Ar lean.)*

1 0 1 0 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar costais a thabhaítear nuair a fhreastalaítear ar chúrsaí teanga, seimineáir agus cúrsaí oiliúna gairmiúla.

1 0 1 1 Costais mhisin, costais taistil agus caiteachas coimhdeach eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 33 000 | 30 000 | 33 000,— |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar costais taistil, liúntais chothaithe laethúil ar mhisin agus caiteachas breise nó eisceachtúil a thabhaítear ar mhisean.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

*Bunús dlí*

Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

**CAIBIDIL 1 1 — FOIREANN NA hINSTITIÚIDE**

***1 1 0 Luach saothair, liúntais agus teidlíochtaí eile oifigeach agus ball foirne sealadach***

1 1 0 0 Luach saothair agus liúntais

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 8 726 000 | 7 724 420 | 6 532 446,08 |

**CAIBIDIL 1 1 — FOIREANN NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 1 0*** *(Ar lean.)*

1 1 0 0 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— buntuarastal na n-oifigeach agus na foirne sealadaí,

— liúntais do theaghlaigh, lena n-áirítear an liúntas teaghlaigh, an liúntas linbh chleithiúnaigh, agus an liúntas oideachais,

— liúntas easaoránachta agus liúntas cónaithe eachtraigh,

— ranníocaíocht na hinstitiúide le hárachas breoiteachta agus le hárachas in aghaidh timpistí agus galar ceirde,

— ranníocaíocht na hinstitiúide i dtreo an Ciste Dífhostaíochta Speisialta a bhunú,

— íocaíochtaí a dhéanann an institiúid lena gcur ar a gcumas do bhaill foirne shealadacha cearta pinsin a bhunú nó a choinneáil ar bun ina dtír thionscnaimh,

— tionchar na comhéifeachta ceartúcháin is infheidhme maidir le luach saothair agus cion na ndíolaíochtaí a aistrítear chuig tír seachas tír na fostaíochta,

— deontais bhreithe,

— costais taistil ar ráta comhréidh ón áit fostaíochta chuig an áit tionscnaimh,

— liúntais chíosa agus taistil agus liúntais siamsaíochta ar ráta comhréidh,

— liúntais taistil sheasta,

— an liúntas speisialta a dheonaítear d'oifigigh chuntasaíochta agus do riarthóirí cuntas óinchiste.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

1 1 0 1 Teidlíochtaí ar dhul isteach sa tseirbhís, ar aistriú, agus ar fhágáil na seirbhíse

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 85 000 | 80 000 | 48 161,33 |

**CAIBIDIL 1 1 — FOIREANN NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 1 0*** *(Ar lean.)*

1 1 0 1 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— costais taistil atá dlite d'oifigigh agus don fhoireann shealadach (a dteaghlaigh san áireamh) atá ag dul isteach sa tseirbhís nó atá ag fágáil na seirbhíse nó iad atá ag aistriú chuig áit fostaíochta eile,

— liúntais suiteála agus athlonnaithe agus costais aistrithe atá dlite d'oifigigh agus don fhoireann shealadach a bhfuil ceanglas orthu aistriú óna n-áit chónaithe ar dhul isteach sa phost dóibh, ar aistriú chuig áit nua fostaíochta dóibh agus ar fhágáil na hinstitiúide agus athlonnú in áit eile dóibh,

— liúntais chothaithe laethúil d'oifigigh agus don fhoireann shealadach a thugann fianaise go bhfuil ceanglas orthu aistriú óna n-áit chónaithe ar dhul isteach sa phost dóibh nó ar aistriú chuig áit nua fostaíochta dóibh,

— an cúiteamh d'oifigeach promhaidh atá briste as a phost/post toisc gur léir go bhfuil a chuid/cuid oibre míshásúil,

— cúiteamh do bhall den fhoireann shealadach a bhfuil a chonradh/conradh foirceanta ag an institiúid aige/aici.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

1 1 0 2 Ragobair ar íocaíocht

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar íocaíocht ragoibre faoi na coinníollacha a leagtar amach sa bhunús dlí.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 56 díobh agus Iarscríbhinn VI a ghabhann leo.

**CAIBIDIL 1 1 — FOIREANN NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 1 0*** *(Ar lean.)*

1 1 0 3 Deontais cúnaimh speisialta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar gníomh a ghlactar i ndáil le hoifigigh agus seirbhísigh eile atá i gcásanna an-deacair.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 76 díobh.

1 1 0 4 Liúntais agus ranníocaíochtaí ilghnéitheacha ar luathfhoirceannadh seirbhíse

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— na liúntais is iníoctha le baill foirne a sanntar stádas neamhghníomhach dóibh nó a théann ar scor chun leas na seirbhíse,

— ranníocaíochtaí an fhostóra i dtreo árachas breoiteachta le haghaidh fhaighteoirí na liúntas sin,

— tionchar na comhéifeachta ceartúcháin is infheidhme maidir leis na liúntais sin agus tionchar aon nuashonruithe ar luach saothair arna gcomhaontú ag an gComhairle le linn na bliana airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 41, 50, 64, 65 agus 72 díobh agus Iarscríbhinn IV a ghabhann leo.

**CAIBIDIL 1 1 — FOIREANN NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 1 0*** *(Ar lean.)*

1 1 0 5 Leithreasú sealadach

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar éifeacht aon nuashonruithe ar luach saothair agus ar liúntais.

Tá sé sealadach agus ní fhéadfar é a úsáid go dtí go ndéantar é a aistriú chuig ceannteidil eile i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 65 agus Airteagal 65a díobh agus Iarscríbhinn XI a ghabhann leo.

***1 1 1*** ***Foireann eile***

1 1 1 0 Foireann ar conradh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 2 127 594 | 2 020 500 | 2 081 228,02 |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar caiteachas a bhaineann le húsáid gníomhairí ar conradh.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

*Bunús dlí*

Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

**CAIBIDIL 1 1 — FOIREANN NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 1 1*** *(Ar lean.)*

1 1 1 1 Costas tréimhsí oiliúna agus malartuithe foirne

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 365 000 | 325 000 | 159 131,73 |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar liúntais, costais taistil agus mhisin le haghaidh oiliúnaithe, chomh maith le hárachas timpiste agus breoiteachta i rith tréimhsí oiliúna.

Tá sé beartaithe go gcumhdófar leis freisin caiteachas a eascraíonn as malartuithe foirne idir an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, ar thaobh amháin, agus an earnáil phoiblí sna Ballstáit agus i dtíortha CSTE a bhaineann leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, ar an taobh eile.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

1 1 1 2 Seirbhísí agus obair le tabhairt ar conradh

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 60 000 | 57 000 | 33 800,— |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar na seirbhísí go léir a dhéanann daoine nach bhfuil nasctha leis an institiúid agus, go háirithe, baill foirne eatramhacha.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

***1 1 2*** ***Caiteachas eile i ndáil leis an bhfoireann***

1 1 2 0 Costais mhisin, costais taistil agus caiteachas coimhdeach eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 150 000 | 110 000 | 145 000,— |

**CAIBIDIL 1 1 — FOIREANN NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 1 2*** *(Ar lean.)*

1 1 2 0 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar caiteachas ar iompar, íocaíocht liúntas misin laethúil agus na costais choimhdeacha nó eisceachtúla a thabhaítear i bhfeidhmiú misin.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus háirithe Airteagal 71 díobh agus Airteagal 11, Airteagal 12 agus Airteagal 13 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leo.

1 1 2 1 Costais earcaíochta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 10 000 | 7 000 | 11 000,— |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar caiteachas a eascraíonn as eagrú na gcomórtas dá dtagraítear in Airteagal 3 de Chinneadh 2002/621/CE agus costais taistil agus chothaithe na n-iarrthóirí a fhreastalaíonn ar agallaimh earcaíochta agus ar scrúduithe liachta.

Tá sé beartaithe leis freisin go gcumhdófar na costais a bhaineann le nósanna imeachta a eagrú chun baill foirne shealadacha agus ar conradh a roghnú.

I gcásanna a bhfuil údar cuí leo de bharr riachtanais feidhme agus tar éis dul i gcomhairle leis an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne, féadfar an leithreasú seo a úsáid le haghaidh comórtais a eagraíonn an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí féin.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 27 go 31 agus Airteagal 33 díobh agus Iarscríbhinn III a ghabhann leo.

Cinneadh 2002/620/CE ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iniúchóirí, ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, ó Choiste na Réigiún agus ón Ombudsman Eorpach an 25 Iúil 2002 lena mbunaítear Oifig um Roghnú Foirne na gComhphobal Eorpach (IO L 197, 26.7.2002, lch. 53).

**CAIBIDIL 1 1 — FOIREANN NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 1 2*** *(Ar lean.)*

1 1 2 1 *(Ar lean.)*

Cinneadh 2002/621/CE ó Ardrúnaithe Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, ó Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, ó Ardrúnaithe na Cúirte Iniúchóirí, an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta agus Choiste na Réigiún, agus ó Ionadaí an Ombudsman Eorpaigh an 25 Iúil 2002 maidir le hOifig um Roghnú Foirne na gComhphobal Eorpach a eagrú agus a fheidhmiú (IO L 197, 26.7.2002, lch. 56).

1 1 2 2 Oiliúint bhreise

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 89 000 | 89 000 | 60 000,— |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— cúrsaí oiliúna agus forbartha gairmiúla inmheánacha agus seachtracha don fhoireann, lena n-áirítear cúrsaí teanga, arna n-eagrú ar bhonn idirinstitiúideach, seachtrach nó inmheánach,

— imeachtaí forbartha foirne,

— caiteachas ar threalamh oideachais agus teicniúil.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 24a díobh.

1 1 2 3 Seirbhís shóisialta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| p.m. | p.m. | 0,— |

**CAIBIDIL 1 1 — FOIREANN NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 1 2*** *(Ar lean.)*

1 1 2 3 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, mar chuid de bheartas idirinstitiúideach chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas (oifigigh agus baill foirne shealadacha i bhfostaíocht ghníomhach, a gcéile agus a leanaí cleithiúnacha de réir bhrí Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh), tá sé beartaithe go gcumhdófar aisíocaíocht, laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil faoin mbuiséad agus tar éis aon teidlíocht náisiúnta sa tír chónaithe nó thionscnaimh a ídiú, caiteachais neamhliachta a bhfuil bunús iomchuí leis agus a aithnítear go bhfuil gá leis mar thoradh ar an míchumas.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 76 díobh.

1 1 2 4 Seirbhís leighis

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 30 000 | 23 000 | 23 000,— |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar costais a bhaineann leis an scrúdú sláinte bliantúil le haghaidh oifigeach agus seirbhísigh eile atá ina theideal, lena n-áirítear an anailís agus na scrúduithe leighis a iarrtar i ndáil leis an scrúdú sin.

*Bunús dlí*

Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, agus háirithe Airteagal 59 díobh agus Airteagal 8 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leo.

1 1 2 5 Ionad naíolainne an Aontais agus naíolanna lae agus ionaid iarscoile eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 100 000 | 85 000 | 99 893,35 |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar sciar an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí de chaiteachas a bhaineann le hionad naíolainne an Aontais agus naíolanna lae agus ionaid iarscoile eile.

**CAIBIDIL 1 1 — FOIREANN NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***1 1 2*** *(Ar lean.)*

1 1 2 6 Caidreamh idir an fhoireann agus caiteachas leasa eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 21 000 | 78 000 | 4 453,05 |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe na nithe seo a leanas a dhéanamh:

— tacaíocht airgeadais a spreagadh agus a sholáthar do scéimeanna chun teagmháil shóisialta a chur chun cinn idir baill foirne de náisiúntachtaí éagsúla, mar shampla fóirdheontais le haghaidh clubanna foirne, cumainn spóirt agus gníomhaíochtaí cultúrtha, agus rannchuidiú le costas ionaid spóirt bhuain (gníomhaíochtaí cultúrtha agus spóirt, etc.),

— rannchuidiú le costas gníomhaíochtaí a bhíonn á n-eagrú ag an gcoiste foirne (gníomhaíochtaí cultúrtha agus spóirt, béilí, etc.).

Tá sé beartaithe freisin go gcumhdófar cur chun feidhme plean iompair le haghaidh na foirne chun úsáid iompair phoiblí a spreagadh, úsáid gluaisteán príobháideach a laghdú, agus an lorg carbóin a laghdú.

## TEIDEAL 2

## FOIRGNIMH, TREALAMH AGUS CAITEACHAS I nDÁIL LE hOIBRIÚ NA hINSTITIÚIDE

### CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH, TREALAMH AGUS CAITEACHAS I nDÁIL LE hOIBRIÚ NA hINSTITIÚIDE

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 2 0 | | | | |
| **2 0 0** | ***Cíosanna, muirir agus caiteachas foirgneamh*** | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 1 751 494 | 1 731 857 | 1 610 000,— | 91,92 |
| **2 0 1** | ***Caiteachas i ndáil le hoibriú agus gníomhaíochtaí na hinstitiúide*** | | | | |
| 2 0 1 0 | Trealamh agus seirbhísí teicneolaíochta faisnéise | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 800 620 | 800 000 | 839 399,28 | 104,84 |
| 2 0 1 1 | Costais a bhaineann le troscán, soláthairtí oifige agus teileachumarsáid | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 40 000 | 35 000 | 19 000,— | 47,50 |
| 2 0 1 2 | Caiteachas oibriúcháin eile | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 241 500 | 235 000 | 219 867,91 | 91,04 |
| 2 0 1 3 | Costais aistriúcháin agus ateangaireachta | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 460 000 | 510 000 | 510 000,— | 110,87 |
| 2 0 1 4 | Caiteachas ar fhoilsitheoireacht agus ar fhaisnéis | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 196 500 | 160 000 | 166 756,04 | 84,86 |
| 2 0 1 5 | Caiteachas i ndáil le gníomhaíochtaí na hinstitiúide | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 200 000 | 200 000 | 350 789,54 | 175,39 |
| 2 0 1 6 | Aisíocaíochtaí le saineolaithe | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 45 000 | 35 000 | 53 179,84 | 118,18 |
| | *Airteagal 2 0 1 — IOMLÁN* | 1 983 620 | 1 975 000 | 2 158 992,61 | 108,84 |
| | CAIBIDIL 2 0 — IOMLÁN | 3 735 114 | 3 706 857 | 3 768 992,61 | 100,91 |
| | **Teideal 2 — IOMLÁN** | **3 735 114** | **3 706 857** | **3 768 992,61** | **100,91** |

# TEIDEAL 2

# FOIRGNIMH, TREALAMH AGUS CAITEACHAS I nDÁIL LE hOIBRIÚ NA hINSTITIÚIDE

## CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH, TREALAMH AGUS CAITEACHAS I nDÁIL LE hOIBRIÚ NA hINSTITIÚIDE

### 2 0 0 *Cíosanna, muirir agus caiteachas foirgneamh*

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 1 751 494 | 1 731 857 | 1 610 000,— |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar íocaíocht chnapshuime le Parlaimint na hEorpa i ndáil leis na hoifigí a sholáthraíonn Parlaimint na hEorpa don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí laistigh dá háitribh sa Bhruiséil. Clúdaítear leis cíos agus muirir i leith árachais, uisce, leictreachais, téimh, glantacháin agus cothabhála, slándála agus faireachais, chomh maith le caiteachas foirgneamh ilghnéitheach eile, lena n-áirítear na hoifigí lena mbaineann a athrú, a dheisiú nó a athchóiriú.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

*Bunús dlí*

Comhaontú maidir le comhar riaracháin idir an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus an institiúid eile a chuireann na hoifigí ar fáil.

### 2 0 1 *Caiteachas i ndáil le hoibriú agus gníomhaíochtaí na hinstitiúide*

2 0 1 0 Trealamh agus seirbhísí teicneolaíochta faisnéise

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 800 620 | 800 000 | 839 399,28 |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— trealamh a cheannach agus a fháil ar cíos, costais oibriúcháin agus chothabhála, seirbhísí teicneolaíochta faisnéise, lena n-áirítear cúnamh leis na córais um próiseáil sonraí a oibriú agus a chothabháil agus le bogearraí a fhorbairt,

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH, TREALAMH AGUS CAITEACHAS I nDÁIL LE hOIBRIÚ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***2 0 1*** *(Ar lean.)*

2 0 1 0 *(Ar lean.)*

— oibríochtaí teicneolaíochta faisnéise a fhágtar faoi thríú páirtithe agus caiteachas eile i dtaca le seirbhísí teicneolaíochta faisnéise, lena n-áirítear an suíomh gréasáin a fhorbairt agus a chothabháil.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 1 1 Costais a bhaineann le troscán, soláthairtí oifige agus teileachumarsáid

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 40 000 | 35 000 | 19 000,— |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— ceannach páipéir, clúdach, soláthairtí oifige agus tomhaltán eile,

— táillí poist, táillí le haghaidh seachadta trí sheirbhís cúiréireachta, pacáistí agus dáileadh chuig an bpobal i gcoitinne,

— ceannach, athsholáthar agus cothabháil suiteálacha agus trealaimh, idir theicniúil (slándála agus eile) agus riaracháin (meaisíní oifige amhail fótachóipeálaithe agus áireamháin, etc.),

— caiteachas a bhaineann le trealamh teileachumarsáide a cheannach, a fháil ar cíos agus a chothabháil agus caiteachas eile a bhaineann le teileachumarsáid, lena n-áirítear muirir le haghaidh cumarsáid trí theileafón, teileagraf agus teiléacs agus trí tharchur leictreonach sonraí,

— ceannach, cothabháil agus athsholáthar troscáin, aon nithe eile a bhaineann le háitribh a fheistiú agus costais ghaolmhara.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 1 2 Caiteachas oibriúcháin eile

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 241 500 | 235 000 | 219 867,91 |

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH, TREALAMH AGUS CAITEACHAS I nDÁIL LE hOIBRIÚ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***2 0 1*** *(Ar lean.)*

2 0 1 2 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— na costais a bhaineann go díreach nó go hindíreach le comhar idirinstitiúideach a thugtar i gcrích idir an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus institiúidí nó comhlachtaí eile de chuid an Aontais chun gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach (e.g. comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse),

— caiteachas reatha riaracháin eile (muirir airgeadais, costais dlí, etc.).

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 1 3 Costais aistriúcháin agus ateangaireachta

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 460 000 | 510 000 | 510 000,— |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar na costais aistriúcháin agus ateangaireachta go léir agus costais eile a bhaineann leis sin.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

*Bunús dlí*

Comhaontú maidir le comhar riaracháin idir an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus an institiúid a chuireann an tseirbhís ar fáil.

2 0 1 4 Caiteachas ar fhoilsitheoireacht agus ar fhaisnéis

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 196 500 | 160 000 | 166 756,04 |

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH, TREALAMH AGUS CAITEACHAS I nDÁIL LE hOIBRIÚ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***2 0 1*** *(Ar lean.)*

2 0 1 4 *(Ar lean.)*

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar caiteachas ar fhoilsitheoireacht agus ar fhaisnéis, go háirithe:

— costais chlódóireachta le haghaidh foilseacháin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

— an costas ar fhoilseacháin éagsúla a chlóbhualadh agus a atáirgeadh sna teangacha oifigiúla,

— ábhar faisnéise a bhaineann leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí,

— aon chostas eile a bhaineann le beartas faisnéise na hinstitiúide (siompóisiamaí, seimineáir, rannpháirtíocht in imeachtaí poiblí, etc.),

— caiteachas a bhaineann le feachtais phoiblíochta agus faisnéise maidir le cuspóirí, gníomhaíochtaí agus ról an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí,

— caiteachas a bhaineann le cuairteanna a thugann grúpaí ar an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí,

— rannán na n-oibreacha tagartha ginearálta a leathnú agus a athnuachan agus stoc na leabharlainne a choinneáil cothrom le dáta,

— síntiúis le nuachtáin, tréimhseacháin agus gníomhaireachtaí nuachta agus lena bhfoilseacháin agus le seirbhísí ar líne, lena n-áirítear táillí cóipchirt chun iad sin a atáirgeadh agus a scaipeadh i bhfoirm scríofa nó leictreonach agus conarthaí seirbhíse le haghaidh athbhreithnithe agus gearrthóg preasa,

— síntiúis nó conarthaí seirbhíse chun achoimrí agus anailísí a sholáthar ar ábhar tréimhseachán nó chun ailt arna nglacadh ó thréimhseacháin den chineál sin a stóráil ar mheáin súl,

— bunachair sonraí sheachtracha dhoiciméadacha agus staidrimh a úsáid (muirir ar chrua-earraí ríomhaireachta agus ar theileachumarsáid curtha as an áireamh),

— ábhair speisialta leabharlainne, dhoiciméadachta agus leabharlainne meán a cheannach nó a fháil ar cíos, lena n-áirítear saoráidí agus córais leictreacha, leictreonacha agus ríomhaireachta, chomh maith le seirbhísí seachtracha chun na saoráidí agus na córais sin a fháil, a fhorbairt, a shuiteáil, a úsáid agus a chothabháil,

— costas na seirbhísí a bhaineann le gníomhaíochtaí leabharlainne, go háirithe ag déileáil le custaiméirí leabharlainne (fiosrúcháin, anailísí), agus córais bainistíochta cáilíochta, etc.,

— trealamh ceangail agus caomhnaithe agus oibreacha ceangail agus caomhnaithe don leabharlann, don doiciméadacht agus don leabharlann meán,

— foclóirí, gluaiseanna agus saothair eile a cheannach do sheirbhísí an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

**CAIBIDIL 2 0 — FOIRGNIMH, TREALAMH AGUS CAITEACHAS I nDÁIL LE hOIBRIÚ NA hINSTITIÚIDE** *(Ar lean.)*

***2 0 1*** *(Ar lean.)*

2 0 1 5 Caiteachas i ndáil le gníomhaíochtaí na hinstitiúide

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 200 000 | 200 000 | 350 789,54 |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar na nithe seo a leanas:

— an costas a bhaineann le fáiltithe, costais ionadaíochta agus ceannach míreanna ionadaíochta,

— costais cruinnithe,

— costais a bhaineann le hurraíocht chorparáideach,

— caiteachas geallta le malartuithe a chur chun cinn agus le comhoibriú a neartú le páirtithe leasmhara seachtracha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí nó aon ghníomhaíocht shaincheaptha eile atá nasctha le straitéis an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí a chur chun feidhme,

— maoiniú le haghaidh staidéar agus suirbhéanna a thugtar ar conradh do shaineolaithe cáilithe nó d'institiúidí taighde.

Méid an ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais: p.m.

2 0 1 6 Aisíocaíochtaí le saineolaithe

*Figiúirí (Leithreasuithe neamhdhifreáilte)*

| Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 |
|---|---|---|
| 45 000 | 35 000 | 53 179,84 |

*Barúlacha*

Leis an leithreasú seo, tá sé beartaithe go gcumhdófar costais cuirí agus táillí cainteoirí, lena n-áirítear liúntais taistil agus chothaithe agus costais ghaolmhara eile, do shaineolaithe agus do dhaoine eile ar tugadh cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i ngrúpaí staidéir nó i gcruinnithe oibre agus imeachtaí eile.

# TEIDEAL 3

# AN BORD EORPACH UM CHOSAINT SONRAÍ

## CAIBIDIL 3 0 — CAITEACHAS I NDÁIL LE HOIBRIÚ AN BHOIRD

| Airteagal Mír | Ceannteideal | Leithreasuithe 2024 | Leithreasuithe 2023 | Olltoradh buiséid 2022 | %2022/2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | CAIBIDIL 3 0 | | | | |
| ***3 0 0*** | ***Cíosanna, muirir agus caiteachais foirgneamh*** | | | | |
| 3 0 0 0 | Cíosanna, muirir agus caiteachas foirgneamh | | | | |
| | Leithreasuithe neamhdhifreáilte | 650 000 | 650 000 | 633 000,— | 97,38 |
| | *Airteagal 3 0 0 — IOMLÁN* | 650 000 | 650 000 | 633 000,— | 97,38 |
